


An Séimhiú

ar an ainm briathartha agus ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile

Micheál Ó Cearúil



· áit chónaithe · bean chaointe · lámh chuidithe · uimhir thagartha · cúis mhaíte · aimsir bheirthe na n-uan · Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais · tine chnámh · céir bheach · scoil chailíní · An tSeirbhís Chabhlaigh · leabhair thagartha · innill bhainte · gealltanais phósta · fir bhualte an arbhair · Oifigigh Chosanta Iascaigh Mhara · sárú gealltanais phósta · oifigigh chustam · pinsin bhaintreach · boird bhainistíochta · cléirigh Chúirte Dúiche · Bord Iascaigh Mhara · Oíche Chinn Bhliana · Cúirt Achomhairc Dheiridh

bean chaointe
CROS chÉASTA
lámh chuidithe
SCIATH chosANTA
áIT chónaIThe
CÚIS mhaITE
SÁIR mholTA

gealltANAIS phÓSTA
limISTEIR chónaIThe

CROCH chÉASTA CHRÍOST
lámh chosANTA a chine
AIMSIR bheIRTHE na hUAN
bean chASTA AN TUIRNE

An Caighdeán Oifigiúil, aistriú na reachtaíochta agus gramadach na téarmaíochta

An Séimhiú

ar an ainm briathartha agus ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile

Micheál Ó Cearúil

© Micheál Ó Cearúil
An chéad chló 2016

ISSN 2009-8839
An Aimsir Óg: Staidéar 1

Dearadh téacs agus clóchur: Caoimhín Ó Baoill
Clóbhualadh: Essentra

LÍNÍOCHTAÍ
Caoimhín Ó Baoill: lgh 15, 25, 113, 343
Michelle O Riordan: lgh 36, 199, 365, 483
Dave McGrath: lgh 193, 195
Clíodhna Cussen: lch 54
Siobhán Prout: lch 510
Kevin Maguire: léaráid don chlúdach
Seán Ó Flaithearta: lch 213



Tá Coiscéim buíoch
d'Fhoras na Gaeilge
as tacaíocht airgeadais
a chur ar fáil.



Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir, Coiscéim, Tig Bhríde, 91 Bóthar Bhinn Éadair, Páirc na bhFianna, Binn Éadair, Baile Átha Cliath 13.

An Aimsir Óg: Páipéir Ócaídeacha

- 1 Nicholas Williams, *Caighdeán Nua don Ghaeilge* (2002, eagrán nua 2006)
- 2 Micheál Ó Cearúil, *Bunreacht na hÉireann: Divergences and Inconsistencies/Neamhréireachtaí agus Easpa Leanúnachais* (2003)
- 3 Micheál Ó Cearúil, *Bunreacht na hÉireann: An téacs Gaeilge arna chaighdeánú* (2003)
- 4 Pádraig Breandán Ó Laighin, *Acht na Gaeilge – Acht ar Strae: Léirmheas ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* (2003)
- 5 Muiris Ó Laoire, *Siollabais Chumarsáide na Gaeilge* (2004)
- 6 John Walsh, *An teanga, an cultúr agus an fhorbairt: Cás na Gaeilge agus cás na hÉireann* (2004)
- 7 Tadhg Ó hÍfearnáin, *Beartas Teanga* (2006)

An Aimsir Óg – Scéalta, Aistí, Dánta,
eag. Micheál Ó Cearúil (1999)

Aimsir Óg 2000: Cuid a hAon – Dánta, Scéalta, Aistí, eag. Micheál Ó Cearúil (2000)

Aimsir Óg 2000: Cuid a Dó – Critic, Béaloideas, Teanga, eag. Micheál Ó Cearúil (2000)

Aimsir Óg 3 – Cúrsaí Reatha, eag.
Micheál Ó Cearúil (2002)

An Aimsir Óg: Paimfléid

- 1 Máirtín Ó Murchú, *Cás na Gaeilge 1952-2002: Ag Dul ó Chion?* (2002, athchló 2006)
- 2 Helen Ó Murchú, *Limistéar na Síbhialtachta: Dúshlán agus Treo d'Eagraíochtaí na Gaeilge* (2003)
- 3 Alan Titley, "Beir leat do shár-Ghaeilge!" *Súil siar agus ar aghaidh* (2004)
- 4 Peadar Kirby, *Todhchaí d'Éirinn: Pobal, Féinmheas, Teanga* (2004)
- 5 Breandán Ó Doibhlin, *An Cultúr Gaelach: Cosaint na Daonnachta* (2004)
- 6 Tomás Mac Síomóin, *Ó Mhárta go Magla: Straitéis nua don Ghaeilge* (2006)

An Aimsir Óg: Occasional Papers

- 1 Micheál Ó Cearúil, *Bunreacht na hÉireann: Two Texts or Two Constitutions?* (2002)

An Aimsir Óg: Staidéir

- 1 Micheál Ó Cearúil, *An Caighdeán Oifigiúil, aistriú na reachtaíochta agus gramadach na téarmaíochta: An Séimhiú ar an ainm briathartha agus ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile* (2016)

Réamhrá	7
---------	---

CUID I

An t-ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha

1 An Caighdeán Athbhreithnithe v. An Caighdeán Oifigiúil	17
2 Labhairt agus scríobh na Gaeilge	39
3 Achtanna an Oireachtais	49
4 Ionannas foirme	69
5 Idirdealú curtha ar ceal i gCaighdeán Oifigiúil 1958	93
Iarscríbhinn	111

CUID II

An t-ainm briathartha agus an t-ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh dar críoch consan caol

6 An t-ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol	115
7 An t-ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol	129
8 Teidil aonad riaracháin agus gnó	143
9 An ginideach iolra	167
10 An t-ainmfhocal cáilithe sa ghinideach	199
11 An t-ainmfhocal ar lorg ainm bhriathartha	215
12 Cainníocht, aonaid ama, baill bheatha agus gaol clainne	235
13 An t-ainmfhocal ar lorg ginidigh uatha fhirinscnigh	255
14 An t-ainm briathartha ar lorg ginidigh uatha fhirinscnigh	283
15 Ainmfhocail dar tús ‘f’	297
16 Ainmneacha briathartha dar tús ‘f’	321
17 Eagrán 1960 den Chaighdeán Oifigiúil	333
18 Na canúintí	339

AN CEANGAL

19 Feidhmeanna an ghinidigh agus fasaigh fhirinscneacha	345
20 An rialail á leasú	369

FOSCRÍBHINNÍ

1	Riail an tséimhithe in <i>Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil</i>	389
2	Riail an tséimhithe in <i>Graméar Gaeilge na mBráithre Críostaí</i> (1960)	391
3	Riail an tséimhithe in <i>Graméar Gaeilge na mBráithre Críostaí</i> (1999)	399
4	Riail séimhithe an Choiste Téarmaíochta	401
5	Riail an tséimhithe in <i>Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge</i> (2011)	407
6	Riail an tséimhithe in <i>Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe</i> (2012)	409
7	Aidiacht bhriathartha na mbriathra le hainm briathartha dar críoch ‘-(e)adh’	415
8	An Caighdeán Athbhreithnithe agus an dlí	423
9	Treoir do scríobh na Gaeilge	429
10	Rialacha ar leith do réimse na reachtaíochta	477
11	An t-ainmfhocal éiginnte cáilithe agus an tuiseal ginideach	483
12	An Ginideach – argóintí i gcoinne leithéidí ‘scian cos dhubh’ agus ‘bata fear síúil’	487
13	Na hUimhreacha	493
14	Dhá leasú theicniúla ar an gCaighdeán Oifigiúil	497
15	Réimeanna teanga agus rialacha gramadaí	503
	Leabhair thagartha agus ailt tagartha	515

Don Mhoinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta

Réamhrá

Thar rialacha ar bith de na rialacha gramadaí atá sa Chaighdeán Oifigiúil¹ is iad na rialacha a bhaineann leis an séimhiú – agus/nó an easpa séimhithe – ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal eile is mó atá ina n-ábhar díospóireachta poiblí le tamall de bhlianta anuas.² Ach is amhlaidh, go fiú laistigh de chúpla bliain tar éis do Rannóg an Aistriúcháin *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* a chur amach, sa bhliain 1958, gur foilsíodh leagan de na rialacha sin, in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*,³ a raibh roinnt difríochtaí idir é agus a raibh i gCaighdeán 1958, go háirithe maidir le cur i láthair na rialacha.⁴ D’athfhoilsigh an Gúm an Graiméar sin, faoi chlúdach bog, sa bhliain 1985 agus, in eagrán nua de, a d’fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1999, rinneadh soiléiriú nó iomlánú ar roinnt de na rialacha maidir leis an séimhiú a bhí san eagrán bunaidh, go háirithe i bhfianaise *Foclóir Gaeilge – Béarla Uí Dhónaill*.⁵ I bpáipéar ócáide leis, dar theideal *Nótaí Gramadaí: Ainmfhocail faoi réir a chéile*, a d’fhoilsigh Institiúid Teangeolaíochta Éireann trí bliana roimhe sin, sa bhliain 1996,⁶ bhí Maolmhaodhóg Ó Ruairc tar éis aird a dhíriú ar neamhréireachtaí idir *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960), *Foclóir Uí Dhónaill* (1977) agus an Caighdeán Oifigiúil. Agus rinne Micheál Ó Murchú (ó Ollscoil Uladh, Cúil Raithin) tuilleadh beachtaithe agus leasuithe ar rialacha an tséimhithe i nGraiméar sin na mBráithre in alt leis dar theideal ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’ a foilsíodh sa bhliain 2003.⁷ An bhliain chéanna sin, thug baill an Choiste Téarmaíochta –

¹ Cé gur foilsíodh *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* le Rannóg an Aistriúcháin, Tithe an Oireachtais, sa bhliain 1958, is é an leagan den leabhar sin a bhí sa chúrsaíocht i ndeireadh na haoise seo caite agus i dtús na haoise seo (is é sin, sna blianta díreach roimh fhoilsiú *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe* sa bhliain 2012) atá i gceist nuair a thagraítear don Chaighdeán Oifigiúil sa staidéar seo – mar a fheicimid ar ball, ní hionann go baileach an leagan sin agus an leagan bunaidh. I gcás sleachta a thugtar as an gCaighdeán Oifigiúil sa staidéar, is as an leagan den Chaighdeán Oifigiúil lena ngabhann an dáta 2004 a thugtar iad, mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

² Tugtar na rialacha sin i bhFoscáirbhinn 1 a ghabhann leis an staidéar seo.

³ Arna fhoilsiú ag M.H. Mac an Ghoill agus a Mhac Teo., 1960.

⁴ Tugtar na rialacha sin i bhFoscáirbhinn 2 leis seo.

⁵ Ba iad an Dr Niall Ó Dónaill, eagarthóir *Foclóir Gaeilge – Béarla Uí Dhónaill*, agus an Br Liam Ó hAnluain (a chuir Graiméar 1960 i dtoll a chéile) a d’ullmhaigh an t-eagrán nua sin ó thaobh na gramadaí de. Féach na fonótaí le Foscáirbhinn 2 leis seo thíos i gcomhair na leasuithe ar leith a rinneadh ar rialacha an tséimhithe san eagrán sin; tugtar na rialacha leasaithe sin ina n-iomláine i bhFoscáirbhinn 3.

⁶ Is é an Dr Dónall Ó Baoill, ball den Institiúid sin san am, a bhí mar eagarthóir ar an saothar sin – bhí roinnt alt scríofa aigesean i gcaitheamh na mblianta ag áiteamh gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil.

⁷ Micheál Ó Murchú, ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’,

Coiste a raibh, agus a bhfuil, dlúthbhaint aige leis an nGúm – dúshlán rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil ó thaobh an tséimhithe de nuair a d’fhoilsigh siad a gcuid rialacha féin i dtaca leis an réimse gramadaí sin,⁸ rialacha a chuir siad i bhfeidhm ina gcuid téarmaí nua i gcoitinne agus a chuir an Gúm i bhfeidhm sna téacsleabhair scoile agus sna foclóirí a d’fhoilsigh siad ina dhiaidh sin.⁹ Ar ball, tháinig an t-easaontas idir an dá shraith rialacha os comhair phobal an Bhéarla in Éirinn go fiú, i gcomhthéacs aistriú reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.¹⁰

in *Taighde agus Teagasc* 3, 2003 – díreáir ar a bhfuil i gcodanna éagsúla den alt sin i gcodanna éagsúla den staidéar seo, mar a dtugtar sleachta as de réir mar a bhaineann le hábhar.

- ⁸ Cuireadh ar fáil ar an idirlíon iad (ar www.acmhainn.ie) i 2003 agus, an bhliain dár gcionn, foilsíodh iad faoin teideal ‘Leasú atá á mholadh ag an gCoiste Téarmaíochta ar na rialacha maidir leis an séimhiú agus úsáid an tuisil ghinidigh’ i bhfoscscríbhinn a ghabhann le *Foclóir Fiontar* (eag. Donla úf Bhraonáin) (BÁC 2004), lch 255-260 – tugtar na rialacha a bhaineann le hábhar dúinne anseo i bhFoscscríbhinn 4 a ghabhann leis an staidéar seo agus, mar a fheicfead san fhoscscríbhinn sin, lean siad leagan amach *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* ar na rialacha sa mhéid gur tugadh na cásanna ina mbíonn an séimhiú agus ina dhiaidh sin na cásanna nach mbíonn an séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach. Is ceart a lua, b’fhéidir, go raibh Maolmhaadhóg Ó Ruairc ina bhall den Choiste Téarmaíochta taca an ama sin, mar a bhí le roinnt blianta roimhe sin, ina cháil mar aistritheoir sa Bhruiséil le Comhairle na nAirí san Aontas Eorpach. Bhí an Dr Pádraig Ó Mianáin, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, ina bhall den Choiste Téarmaíochta taca an ama sin, chomh maith, agus é ar dhuine d’eagarthóirí *Taighde agus Teagasc* 3 (arna fhoilsiú ag Coláiste Ollscoile Naomh Muire), inar foilsíodh alt thuasluaite Mhichíl Uí Mhurchú. Is ceart a lua, chomh maith, b’fhéidir, go raibh Pádraig Ó Mianáin, Seosamh Ó Murchú (Príomh-Eagarthóir an Ghúim) agus mé féin inár mbaill d’fhochoiste den Choiste Téarmaíochta a rinne iniúchadh ar rialacha an tséimhithe thart ar 2001/2 – bhí difríochtaí, áfach, idir an leagan leasaithe de rialacha an tséimhithe a bhí á mholadh ag an bhfochoiste sin, tráth ar tháinig deireadh le mo ré mar ionadaí Rannóg an Aistriúcháin ar an gCoiste Téarmaíochta nuair a d’fhágas slán ag an Rannóg sin, agus na leasuithe a d’fhoilsigh an Coiste ar ball.
- ⁹ Bhí an Coiste Téarmaíochta agus an Gúm araon faoin Roinn Oideachais go dtí gur cuireadh faoi Fhoras na Gaeilge iad leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 – is é an Gúm príomhfhoilsitheoir na dtéacsleabhar scoile Gaeilge i gcónaí.
- ¹⁰ Féach Jamie Smyth, in alt dar teideal *Brush up on your Gaeilge, EU warns Government*, a foilsíodh ar an gcéad leathanach den *The Irish Times*, Dé Sathairn, 13 Deireadh Fómhair 2007: *The European Commission has told the Government it needs to brush up on its Irish grammar or risk undermining the use of Gaeilge as an official EU language.... The advice is contained in a briefing note prepared for the Commissioner for Multilingualism, Leonard Orban, who met the Government last week to discuss how the introduction of Irish as the 23rd official language of the EU was progressing.*
The note says a “new edition of the official grammar has not been published for years and the current edition is out of print”. This has led other Irish language authorities and universities to fill the gap, which has resulted in the promotion of an alternative standard that partly conflicts with the official one.
“This is causing some confusion among translators, in-house and freelance alike, and adding to the institutions’ workload (eg extra revision of freelance work is needed),” says the note, which requests that a detailed official grammar be published as soon as possible.
Mr Orban told The Irish Times yesterday the Government had assured him a new grammar book was being prepared.

Athbhreithnithe

Bhí tionchar ag an gconspóid phoiblí sin faoin dá shraith rialacha ar an gcinneadh Rialtais a fógraíodh i dtús na bliana 2010 coiste a bhunú faoi scáth Roinn na Gaeltachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil.¹¹ Mar bhall de Choiste Stiúrtha an Athbhreithnithe sin is féidir liom a dhearbhú go raibh an t-athbhreithniú a rinne an Coiste sin ar rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil maidir leis an séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal eile ar an gcuid ba dhúshlánaí d’obair an Choiste agus gur caitheadh níos mó ama ar an athbhreithniú ar na rialacha sin ná mar a caitheadh ar aon rialacha eile sa Chaighdeán Oifigiúil. Ar an drochuair, ar chúiseanna a bhfuil níos mó ná an t-aon insint amháin orthu, ní dhearnadh an leagan nua den Chaighdeán Oifigiúil a bhí curtha i dtoll a chéile, faoi Lúnasa 2011, ag an gCoiste sin, faoin teideal *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge*, a fhoilsíú go hoifigiúil riamh¹² – tugtar na rialacha sa saothar sin a bhaineann leis an séimhiú ar ainmfhocal faoi réir ag ainmfhocal eile mar Fhoscríbhinn 5 leis an staidéar seo.

Níor ghlac Rannóg an Aistriúcháin, Seirbhís Thithe an Oireachtais, páirt san athbhreithniú sin ar an gCaighdeán Oifigiúil a thionscain an Rialtas i dtús na bliana

¹¹ D’fhógair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D., ar an 10 Márta 2010 i Seanad Éireann go ndéanfaí athbhreithniú ar Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge, agus go mbeadh an leagan leasaithe ‘réidh le haghaidh Mheitheamh 2011’ – fógraíodh gurbh é an Lár-Aonad Aistriúcháin sa Roinn, a bunaíodh de réir chinneadh rialtais mhí na Samhna 2008, a dhéanfaidh an próiseas athbhreithnithe a chur chun cinn. Tabhair do d’aire gur thagair an tAire don Aontas Eorpach agus an t-athbhreithniú sin á fhógairt aige: ‘Is cúis mhóir áthais dom í a fhógairt don Teach inniu, le linn Sheachtain na Gaeilge, go mbeidh an t-athbhreithniú ar an gcaighdeán oifigiúil, bunaithe ar chinneadh Rialtais, á thosú an mhí seo chugainn. Tá sé thar am go ndéanfaí an t-athbhreithniú seo. Tá an teanga ag forbairt agus ag fás níos sciobtha ná ariamh, ach is é an leagan céanna den chaighdeán, nach mór, atá i bhfeidhm inniu is a bhí nuair a céadfhoilsíodh é i 1958. Tá sé tar éis freastal ar riachtanais na teanga le os cionn 50 bliain anuas, ach aithnítear go forleathan gur cheart dúinn tabhairt faoin athbhreithniú seo i gcomhthéacs na bhforbairtí suntasacha sa tír agus ag leibhéal na hEorpa le cúpla bliain anuas. Tá mé ag caint ach go háirithe ar stádas na Gaeilge mar theanga oibre san Aontas Eorpach, Acht na dTeangacha Oifigiúla agus ar thionscadal an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge atá á stiúru ag Foras na Gaeilge. Tá an dá chéim seo ag cur go mór lena bhfuil á éileamh ag pobal an lae inniu ar an teanga, go háirithe agus iad ag plé leis an Stát, agus cuirfidh siad leis go leanúnach amach anseo.’ (<http://debates.oireachtas.ie/seanad/2010/03/10/00005.asp>)

¹² Bhí Príomh-Eagarthóir an Ghúim, Seosamh Ó Murchú, ina bhall de Choiste Stiúrtha an Athbhreithnithe agus cuireadh *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* ar fáil ar an idirlíon mar Agusín C a ghabh le heagrán Iúil 2012 de ‘Treoirlínte maidir leis an STÍL TÍ atá le cur i bhfeidhm ag an bhfoireann eagarthóireachta’ a d’eisigh an Gúm – tá Agusín C a ghabhann leis an eagrán reatha de na Treoirlínte sin ar http://www.gaeilge.ie/wp-content/uploads/2014/12/Stl-T-an-Ghim_Eanir-2014.pdf go mór faoi thionchar Chaighdeán leasaithe sin 2011 agus is iad rialacha an Chaighdeáin sin a leantar ann i gcás an tséimhithe de.

2010.¹³ Is amhlaidh go ndearna siad a n-athbhreithniú féin, agus, i ndeireadh Iúil 2012, d'fhoilsigh Seirbhís Thithe an Oireachtais *An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe*.¹⁴ Cuireadh in iúl sa bhrollach a ghabh leis an saothar sin go bhfáilteodh Rannóg an Aistriúcháin roimh thuairimí an phobail faoin gCaighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe agus go ndéanfaí ‘athbhreithniú a bheidh bunaithe ar na tuairimí sin i gceann trí bliana’.¹⁵ Ina theannta sin, tugadh isteach reachtaíocht nua sa bhliain 2013 ina bhforáiltear go mbeidh de chúram ar Sheirbhís Thithe an Oireachtais athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil uair amháin ar a laghad gach seacht mbliana agus go gcuirfear an Caighdeán Athbhreithnithe san áireamh sa chéad athbhreithniú faoin reachtaíocht sin.¹⁶ Agus an reachtaíocht nua sin faoi chaibidil i dTithe an Oireachtais gheall Aire Stáit na Gaeltachta san am, Donncha Mac Fhionnlaoich T.D., go gcuirfí *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* san áireamh san athbhreithniú sin, chomh maith.¹⁷

¹³ Diúltaíodh don chuireadh a thug Aire na Gaeltachta san am, Éamon Ó Cuív T.D., dóibh páirt a ghlacadh san athbhreithniú sin – ag labhairt dó sa Dáil ar an 21 Samhain 2012 dúirt an Teachta Ó Cuív: “Tugadh cuireadh d’oifigigh as Rannóg an Aistriúcháin an Oireachtais páirt a ghlacadh sa choiste seo. Dhiúltaigh siad glacadh leis an gcuireadh sin.” (<http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail2012112100040?opendocument>)

¹⁴ Tabharfar ‘an Caighdeán Athbhreithnithe’ air anseo feasta. Tabhair do d’aire gurb í Oifig an tSoláthair a d’fhoilsíodh an Caighdeán Oifigiúil, agus bhíodh cóipcheart ag an Rialtas air – díreáir ar an ábhar seo i bhFoscáirbhinn 8 leis an staidéar, mar a bpléitear an ‘míniú’ ar an gCaighdeán Oifigiúil san Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013, ar míniú é dar tús ‘ciallaíonn “An Caighdeán Oifigiúil” caighdeán oifigiúil na Gaeilge, arna ullmhú ag Tithe an Oireachtais agus arna fhoilsiú faoi chóipcheart Rialtais ...’.

¹⁵ Nó, mar a deirtear sa réamhrá a ghabhann leis an gCaighdeán Athbhreithnithe (lch 8), laistigh de thrí bliana ó dháta foilsithe an tsaothair athbhreithnithe sin.

¹⁶ Féach alt 3 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013, lena leasaítear alt 4 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003, trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2A): ‘... (2F) Is feidhm de chuid an Choimisiúin an Caighdeán Oifigiúil a athbhreithniú ó am go ham de réir mar is cuí leis, ach uair amháin gach 7 mbliana ar a laghad, agus é a athleasú agus a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis i ndiaidh gach athbhreithnithe den sórt sin. ... (2H) Déanfar na tagairtí i bhfo-ailt (2F) agus (2G) don Chaighdeán Oifigiúil a fhorléiriú mar thagairtí don Chaighdeán Oifigiúil mar a athleasaíodh agus mar a foilsíodh go deireanach roimhe seo é.’ (<http://www.irishstatutebook.ie/2013/ga/act/pub/0003/sec0003.html#sec3>)

¹⁷ ‘Tá obair fhiúntach déanta ag an gcoiste stiúrtha ... a bhunaigh an Rialtas roimhe seo chun moltaí a dhéanamh maidir leis an gcaighdeán a thabhairt suas chun dáta. Tá na moltaí sin anois curtha faoi bhráid Choimisiún Thithe an Oireachtais le tabhairt san áireamh sa chéad athbhreithniú eile a déanfar laistigh des na trí bliana amach romhainn.’ (Féach an tuairisc oifigiúil ar imeachtaí na Dála don 31 Eanáir 2013, ar <http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail2013013100009?open=document>). Is eagrán nua den Chaighdeán Oifigiúil a bhí curtha i dtoll a chéile ag an gCoiste Stiúrtha, mar a bhí iarrtha ag an Rialtas orthu a dhéanamh, seachas moltaí a dhéanamh faoin gCaighdeán.

Mí Mheán Fómhair 2014 lorg Rannóg an Aistriúcháin aighneachtaí ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara, de bhun na reachtaíochta sin,¹⁸ i dtaca leis an athbhreithniú tosaigh faoin reachtaíocht nua agus chuir siad in iúl go mbeidís ag dul i mbun an athbhreithnithe an mhí dár gcionn.

Díshéimhiú

Is amhlaidh go bhfuil rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil maidir leis an séimhiú agus an easpa séimhithe ar ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal eile leasaithe go mór in *An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe*.¹⁹ An díshéimhiú a leagtar síos sna rialacha sin i gcás an ainm bhriathartha ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha, mar aon le díshéimhiú an ainm bhriathartha agus an ainmfhocail araon ar lorg ainmfhocail iolra dar críoch consan caol, is cás liom ach go háirithe. Athrú an-mhór ar a bhfuil sa Chaighdeán Oifigiúil atá sa dá athrú sin, agus is athruithe iad nach bhfuil ag teacht lena bhfaightear sna haistriúcháin (nó na tiontuithé) a rinneadh ar reachtaíocht na Gaeilge de réir an Chaighdeáin sin, ná leis na tiontuithé oifigiúla ón ré roimhe sin, a shíneann siar go hAchtanna tosaigh an Oireachtais, ach oiread. Leis na rialacha nua sin ní amháin go gcuirtear leis an éiginnteacht a bhain, dar le go leor daoine, le cibé acu a raibh ainmfhocal le séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha nó nach raibh, ach leathnaítear an éiginnteacht mhéadaithe sin go dtí an t-ainmfhocal ar

¹⁸ Cuireadh leagan de chodanna den staidéar seo faoi bhráid Rannóg an Aistriúcháin in aighneacht fhada a chuireas i dtoll a chéile thar ceann an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais – faoin reachtaíocht thuasluaite foráladh go sonrach go rachadh Coimisiún Thithe an Oireachtais i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais – féach alt 4(2G) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003, arna chur isteach le halt 3 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013:

D'fhonn athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil a sheoladh faoi fho-alt (2F), rachaidh an Coimisiún i gcomhairle–

(a) leis na hAiri seo a leanas den Rialtas, eadhon–

(i) an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta,

(ii) an tAire Oideachais agus Scileanna, agus

(iii) an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

(b) le cibé daoine ag a bhfuil spéis sa Chaighdeán Oifigiúil agus is cuí leis an gCoimisiún, agus

(c) le daoine den phobal i gcoitinne,

agus beidh aird ag an gCoimisiún ar aon aighneachtaí a dhéanfar chuige agus a thig as an gcomhchomhairliúchán sin.

San admháil a cuireadh chugam, ar an aighneacht sin a fháil, cuireadh in iúl dom go gcuirfí an aighneacht faoi bhráid Choiste an Athbhreithnithe – féach alt 10A(2) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003, arna chur isteach le halt 4(b) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013:

Féadfaidh an Coimisiún, chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi fho-ailt (2F) go (2H) d'alt 4, cibé daoine is cuí leis, nach comhaltaí den Choimisiún ná comhaltaí d'fhoireann an Choimisiúin agus a bhfuil saineolas agus taithí oiriúnach acu, a cheapadh chun coiste arna bhunú aige faoi fho-alt (1) i dtaca leis na feidhmeanna sin.

¹⁹ Tugtar na rialacha sin i bhFoscáirbhinn 6 a ghabhann leis an staidéar seo.

lorg ainmfhocail fhirinscigh iolra. Is athruithe iad a chuirfeadh dua breise ar scríbhneoirí na Gaeilge, agus is amhlaidh nach bhfuil aon ghá leo nó ní raibh aon easnamh ar scríobh na Gaeilge i réimse na reachtaíochta ná sna réimsí eile dá n-éagmais a d'fhágfadh gá a bheith leo, mar a fheicfear sna samplaí iomadúla a thabharfar sa staidéar seo.

Agus an chéad athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil faoi Acht thuasluaite 2013 ar siúl i gcónaí faoi láthair, féachtar sa saothar seo leis an léargas a thugann na haistriúcháin oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais, ó tháinig an Caighdeán Oifigiúil i bhfeidhm i 1958 den chuid is mó de, mar aon le fianaise ó scríobh agus ó labhairt na Gaeilge, a chur faoi bhráid an phobail i gcoitinne agus faoi bhráid na ndaoine ar a bhfuil cúram an athbhreithnithe ach go háirithe, chun bonn láidir eolais a chur ar fáil ar ar féidir rialacha stuama comhaontaithe a cheapadh a thabharfaidh a ceart don teanga. Tugtar ar aird anseo samplaí bailí d'fhocail agus de théarmaí i gcomhthéacsanna inar tháinig na rialacha i gceist mar chuid den leagan Gaeilge de na hAchtanna nó i ngnáthscríbhinní Gaeilge (uaireanta mar a léirítear sin i bhFoclóir Uí Dhónaill).

Toisc gur cheadaigh an Rialtas foilsiú na rialacha sa Chaighdeán Athbhreithnithe, murab ionann agus rialacha Choiste Athbhreithnithe Roinn na Gaeltachta, agus, thairis sin, toisc gurb iad aistritheoirí Rannóg an Aistriúcháin atá i mbun an athbhreithnithe reatha ar an gCaighdeán Oifigiúil agus go bhforáiltear go sonrach sa reachtaíocht nua go gcuirfear rialacha an Chaighdeáin Athbhreithnithe a d'fhoilsigh siad sa bhliain 2012 san áireamh san athbhreithniú sin, is ar rialacha Chaighdeán Athbhreithnithe sin 2012 ach go háirithe a dhírítear sa staidéar seo.

Buíochas

Táim faoi chomaoin ag go leor daoine as ábhar an staidéir seo a phlé liom i gcaitheamh na mblianta, agus le blianta beaga anuas ach go háirithe. Ar na daoine sin tá, thar aon duine eile, an tOllamh Máirtín Ó Murchú, a bhfuilim faoi oibleagáid dó as a shaineolas a roinnt liom le blianta fada anois agus a léigh dréachtaí de chodanna den staidéar. Táim go mór faoi chomaoin ag an Ollamh Michelle O Riordan as dréacht den staidéar iomlán a léamh agus ag an Dr Pádraig B. Ó Laighin as profa iomlán a léamh – mar is dual do lán na beirte acu, rinne siad moltaí stuama, chomh maith. Ar na daoine eile ar mhaith liom an chomaoin atá curtha acu orm a admháil tá an tOllamh Dónall Ó Baoill agus an tOllamh Liam Mac Mathúna, Tomás Ó Ruairc agus Nóilín Ní Iarnáin, Seosamh Ó Murchú, Fidelma Ní Ghallchobhair agus an Dr Pádraig Ó Mianáin, Pádhraic Ó Ciardha agus Aoife Ní Chonchúir, agus na baill eile go léir den Choiste Stiúrtha (agus de na Fochoistí) ar an Athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil (2010-11); an tOllamh Ruairí Ó hUiginn, an Dr Siobhán Ní Laoire, an Dr Seán Ua Súilleabháin, Liam Prút, an Dr Niall Buttimer agus an Dr Ciarán Dawson; Éamonn Ó Dónaill agus Breandán Mac Gearailt; Maolmhaodhóg Ó Ruairc agus Micheál Ó Murchú;

an Dr Brian Ó Catháin, an Dr Ciarán Ó Coigligh agus an Dr Brian Ó Raghallaigh; Hans-Christian Oeser; an scríobhaí Tim O'Neill agus na healaíontóirí Cliodhna Cussen, Dave McGrath agus Siobhán Prout; an tOllamh Ríonach uí Ógáin agus an Dr Críostóir Mac Cárthaigh (Cnuasach Bhéaloideas Éireann); Inez Fletcher (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann), Anne-Marie Murphy (Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), Siobhán Fitzpatrick agus Petra Schnabel (Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann), Margaret Irons agus Órla Ní Chanainn (Leabharlann Scoil an Léinn Cheiltigh) agus an cartlannaí Karen Johnson; Micheál de Mórdha, Áine Ní Chearbhaill, Terry agus Joe Saunders, Pádraig Ó Cíobháin, Colm Ó Ceallaigh, an Dr Pádraig Ó Baoighill, Eibhlín Nic Dhonncha, Gearóid Ó Lúing, Amanda Hughes, Coiste Forbartha Pobail Mhaigh Cuilinn, Ronan Doyle (Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin), an Leas-Cheannasaí Caoimhín Mac Unfraidh (An tSeirbhís Chabhlaigh), Tony Roche (An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta), Deirdre Ní Thuathail (Cló Iar-Chonnacht) agus Bríd Ní Mhógáin (TG4), a thug grianghraif nó léaráidí nó leabhair dom; Pádraig Mac Fhearghusa agus Irial Ó Ceallaigh; John Roycroft agus Maura Hynes, Charlie O'Connell, Deaglán Ó Briain, Ann Ryan, Mary Fallon agus Christopher Quattrociochi. Táim go mór faoi chomaoin ag an gclóchuradóir/dearthóir Caoimhín Ó Baoill, ag na clódóirí *Essentra* (agus ag Linda Ryan as an gcomhlacht sin ach go háirithe) agus ag an bhfoilsitheoir Pádraig Ó Snodaigh, a áirím ar deireadh anseo le barr buíochais dó.

Tá an staidéar seo á thiomnú agam don Mhóinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta – is i léacht a thug seisean nuair a bhí sé ina Ollamh le Sean- agus Meán-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad a chuala mé ‘Caoineadh Chrídhe’ den chéad uair, dán ina bhfuil an líne ghonta fhileata thosaigh ‘It é saigdi goine súain’ (i.e. ‘Saighde iad seo a ghoineann suan’). Eiseamláir atá san abairt sin de chuspóir a bheith ag gabháil le hainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile, atá ar cheann de na hábhair a bheidh faoi chaibidil againn i gcaitheamh an staidéir.

Micheál Ó Cearúil

Márta, 2016

CUID I

An t-ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha

Oifig
Dhíolta
Foilséachán
Riatais
aimsir
bheirthe na n-uain

- scéim chaomhnaithe cósta
- litir mholta · cúis mhaíthe · bean chasta
- an tuirne · ^{áit chónaithe} tonn pháite · cumhacht
- ^{uimhir thagartha} chimithe · cros chéasta · seirbhís
- bheartaithe murríne · cleith sháite
- sciath chosanta · ^{lámh chuidithe} ortha chosanta
- lámh chosanta a chine · scoil
- ^{chónaithe} · gáir mholta · oia phealaithe
- Croch Chéastu Chríost · ^{oifig sheachadta} gollúnach
- bhearrtha · aicís phósta · seachtain
- bhailithe na n-ataí · obair thochailte
- foirm thoirthe · cúirt gearrtha
- pianbhreithe · ^{bean chaointe} tréimhse phrofa
- foirm chionraithe · pianbhreith
- ^{léim sheachanta} choimeáda · seirbhís n-raolta
- aisce phósta · áit ghlaotha na
- n-ainmniúcháin · i ndáil chuinnithe

An Caighdeán Athbhreithnithe v. An Caighdeán Oifigiúil

Faightear an rabhadh seo a leanas trí huair in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe* ('an Caighdeán Athbhreithnithe' anseo feasta): 'NB: Is athrú ar an gCaighdeán Oifigiúil é seo'.¹ Ní ghabhann a mhacasamhail de rabhadh, áfach, le riail nua sa ghraiméar céanna sin a mbeadh de thoradh uirthi, dá gcuirfí i bhfeidhm í, go bhfágfaí an t-ainm briathartha gan séimhiú sa ghinideach feasta i leithéidí 'bean chaointe', 'lámh chuidithe', 'scoil chónaithe', 'uimhir thagartha', 'leabhair thagartha', 'maoir thráchtá' agus 'innill bhainte móna'. Is é is cuspóir don staidéar seo ná aird a dhíriú ar cé chomh mór mar athrú is a bheadh a leithéid d'athrú ar thraidisiún scríofa na Gaeilge agus, chomh maith leis sin, a léiriú nach bhfuil aon ghá le hathrú mar sin ar scríobh na Gaeilge. Tugtar lear mór ainmneacha briathartha arna séimhiú sa ghinideach ar aird anseo thíos, as Achtanna an Oireachtais ó tháinig an Caighdeán Oifigiúil i bhfeidhm sa bhliain 1958 ach go háirithe, le deis a thabhairt dóibh cur ar a son féin agus le léargas a thabhairt ar a bhfuil i gceist leis an riail nua.²

Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar dhíshéimhiú ghinideach an ainm bhriathartha atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol, i gCuid II den staidéar seo, díreofar, chomh maith, ar na rialacha nua gaolmhara sa Chaighdeán Athbhreithnithe a bhaineann le díshéimhiú³ an ainmfhocail i gcoitinne agus a d'fhágfadh nach mbeadh séimhiú ar leithéidí 'boird bhainistíochta', 'údaráis chuain', 'tuairisceáin chánach', 'aonaid chuntais', 'aonaid chúraim speisialta', 'cléirigh chúirte dúiche' agus 'sárú gealltanais phósta'.

¹ Cásanna nua ina bhfuil feidhm le bheith ag an riail a bhaineann leis an ainmneach in áit an ghinidigh atá i gceist sna trí chás sin – mar shampla: 'Nuair a thagann ainmfhocal éiginnte idir réamhfhocal comhshuite agus frása aidiachtach nó clásal coibhneasta, is iondúil nach ndéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal:- *le haghaidh aon leasú ar an mBille; d'ainneoin aon cheist eile den sórt sin; i gcás Acht ar bith ...*' (*An Caighdeán Athbhreithnithe*, lch 67, §3.2.11).

² Chomh maith leis sin, faoi mar a dúirt Horáit, *Omne tulit punctum, qui miscuit utile dulci* ('An té a mheasc an áisiúlacht leis an mílseacht, tá gach pointe bainte aige') – faightear abairt sin Horáit i dtús ghraiméar Gaeilge an Athar Gearóid Ó Nualláin, *The new era grammar of Modern Irish* (1934).

³ Is fearr a chuirtear an gníomh atá i gceist in iúl leis an téarma 'díshéimhiú' ná leis an téarma 'loime' – ó thaobh scríobh na Gaeilge de, ní hamhlaidh go bhfuil an consan á fhágáil lom, nó gan séimhiú, ach go bhfuil an séimhiú á bhaint den chonsan a bheadh séimhithe de réir ghnáthrialacha gramadaí na Gaeilge. Faightear an téarma 'lom' sna tráchtáis ghramadaí ón 15ú haois dhéanach (nó roimhe sin) a foilsíodh faoin teideal *Irish Grammatical Tracts*. Bhain Micheál Ó Murchú (*op. cit.*) leas as an téarma 'loime' i gcomhthéacs an díshéimhithe atá i gceist anseo, mar a bhain an Coiste Téarmaíochta (*op. cit.*), chomh maith – faightear an téarma 'lom' cúpla uair sa Chaighdeán Oifigiúil.

Díshéimhiú an ainm bhriathartha


De réir bhunriail ghinearálta an Chaighdeáin Oifigiúil tá séimhiú le cur ar ainmfhocal éiginnte i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh uatha agus i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol:

Má bhíonn ainmfhocal (nach ainm dílis) sa ghinideach ag brath ar ainmfhocal baininscneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, is iondúil go gcuirtear séimhiú air, e.g., *cathaoir shúgáin, súil ghloine, cloch mhine, deoir bhainne, pusáil ghoil, bean chabhartha, cráin mhuiice, aimsir bháistí, cumainn chrábhaidh, ábhair chulaithe, innill bhainte*.⁴

Leagtar amach sraith eisceachtaí ón riail sin, díreach i ndiaidh na rialach, i gcás an ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha. Sa Chaighdeán Athbheithnithe tá curtha go mór le líon na míreanna ina leagansan den tsraith sin eisceachtaí, agus tá an t-ainmfhocal iolra dar críoch consan caol curtha san áireamh i dteannta an ainmfhocail bhaininscnigh uatha i ngach aon mhír ar leith acusan, murab ionann agus a bhfuil sa tsraith eisceachtaí sa Chaighdeán Oifigiúil.

Baineann fomhír amháin de cheann amháin de na míreanna nua atá curtha leis an tsraith eisceachtaí a fhaightear sa Chaighdeán Athbheithnithe leis an gcás nuair is ainm briathartha atá san ainmfhocal i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh uatha nó ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol. De réir an Chaighdeáin Athbheithnithe ‘más ainm briathartha an dara hainmfhocal agus más ionann foirm do thuiséal ginideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha’ ní shéimhítear é.⁵ Agus samplaí den riail nua sin á dtabhairt mínítear an riail mar a leanas:

áis caomhnaithe (= áis chun caomhnú a dhéanamh) ach *áis chaomhnaithe* (= áis atá caomhnaithe), *cuideachta glactha, buíon cosanta, caisleáin cosanta* (= caisleáin chun cosaint a dhéanamh) ach *caisleáin chosanta* (= caisleáin atá



⁴ Riail 6(I) sa chaibidil sa Chaighdeán Oifigiúil dar teideal ‘Séimhiú agus Urú’. Tugtar an riail ina hiomláine i bhFoscirbhinn 1.

⁵ *An Caighdeán Athbheithnithe*, lch 204, §10.1.1(F)(2)(h)(iii) – gabhann an ceanteideal ‘ainmneacha briathartha’ le mír sin (h), agus gabhann an ceanteideal ‘idirdealú’ le fómhír sin (iii), ar ceanteideal é a phléifear ar an gcéad leathanach eile anseo. Féach Foscirbhinn 6 a ghabhann leis an staidéar le haghaidh riail an Chaighdeáin Athbheithnithe ina hiomláine.

cosanta), *caighdeáin forbartha* (= caighdeáin chun forbairt a dhéanamh) ach *caighdeáin fhorbartha* (= caighdeáin atá forbartha).⁶

Faoin gCaighdeán Oifigiúil, murab ionann agus cás na haidiachta, ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal (lena n-áirítear an t-ainm briathartha) dar tús ‘d’, ‘t’ nó ‘s’ i ndiaidh ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’ – m.sh. ‘áis tagartha’⁷ – agus bíonn sé an-soiléir i gcásanna dá leithéidí, mar gheall ar an easpa séimhithe, gur ainmfhocal seachas aidiacht atá san fhocal atá faoi réir ag an ainmfhocal roimhe. Bunús deilbh-fhóineolaíochta atá leis an easpa séimhithe ar ‘d’, ‘t’ nó ‘s’ i ndiaidh ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’ ach, sa Chaighdeán Athbhreithnithe, táthar ag iarraidh an éifeacht séim-eantaice atá ag an easpa séimhithe sin a leathnú amach,⁸ agus idirdhealú idir an t-ainm briathartha agus an aidiacht bhriathartha a chur in iúl trí dhíshéimhiú an ainm bhriathartha. Is faoin gceannteideal ‘idirdhealú’ a thugtar an riail sin agus dar leis an gCaighdeán Athbhreithnithe chuirfí in iúl tríd an díshéimhiú, nó an séimhiú, cé acu an ainm briathartha sa ghinideach nó aidiacht bhriathartha a bhí faoi réir ag an ainmfhocal tosaigh a bheadh i gceist. Is amhlaidh, áfach, nach féidir

⁶ *Ibid.* I dtaca leis na haidiachtaí briathartha a thugtar thuas, is amhlaidh nach bhfuil siad teoranta don aimsir láithreach, mar a chuirtear in iúl sa Chaighdeán Athbhreithnithe – is é sin, ag brath ar an gcomhthéacs, d’fhéadfadh ‘áis a bhí caomhnaithe’ nó ‘áis a bheidh caomhnaithe’ a bheith i gceist le ‘áis chaomhnaithe’, chomh maith le ‘áis atá caomhnaithe’ – le gan ach cúpla sampla a thabhairt anseo as Achtanna an Oireachtais, féach, ó thaobh na haimsire caite de, ‘bean phósta’ in ‘I gcás ina n-éagfaidh bean a bhí, tráth ar bith sular éag sí, ina bean phósta agus í ina cónaí lena fearchéile’, *Where a woman dies who, at any time before her death, was a married woman living with her husband* (alt 195(1) den Acht Cánach Ioncaim, 1967 – cf. ‘Baineann an t-alt seo le háitreabh ... atá i limistéar ar limistéar ainmnithe a bhí ann tráth an áitribh a sholáthar faoi achtachán aisghairthe’, *This section applies to premises which ... are situate in an area which at the time of the provision of the premises was a designated area under a repealed enactment* (alt 5(7) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986)) agus, ó thaobh na haimsire fáistíní de, féach ‘príosún méadaithe’ in ‘ciallaíonn “forbairt” ... foirgníú nó méadú beartaithe príosúin ... ar láithreán ... a úsáideadh roimhe sin mar phríosún más rud é, maidir leis an bpríosún nua nó méadaithe ... go mbeartaítear cóiríocht a bheith ann do níos mó ná 250 príosúnach’, *“development” means ... the proposed construction or extension of a prison ... on a site ... previously used as a prison where the new or extended prison ... is planned to accommodate more than 250 prisoners* (alt 17 d’Acht na bPríosún, 2007 – cf. ‘ciallaíonn “lá ceaptha” an lá a cheapfar faoi alt 2 chun bheith ina lá ceaptha’, *“appointed day” means the day appointed under section 2 to be the appointed day* (alt 1 den Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2012)).

⁷ M.sh., ‘an Coinbhinsiún ... a bhfuil an téacs de ... leagtha amach mar áis tagartha sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht seo’, *the Convention ... the text of which ... is, for convenience of reference, set out in the First Schedule to the Act* (alt 1(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000) – eisceacht, nach bhfuil de réir an Chaighdeáin Oifigiúil, atá sa sampla seo a leanas: ‘Mar áis thagartha leagtar amach sa Chéad ... agus sa Cheathrú Sceideal ... a ghabhann leis an Acht seo ...’, *For convenience of reference there are set out in the First ... and Fourth Schedules ... to this Act ...* (alt 3(2) den Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1988).

⁸ Táim faoi chomaoin ag an Ollamh Máirtín Ó Murchú as an téarmaíocht anseo.

idirdealú mar sin a dhéanamh ach i gcás ainmneacha briathartha agus aidiachtaí briathartha áirithe – ní féidir é a dhéanamh i gcás ainm bhriathartha / aidiachta briathartha dar tús

- (i) guta (m.sh. ‘cuideachta eisce’),⁹ nó
- (ii) consan doshéimhithe (m.sh. ‘cuideachta rialaithe’).¹⁰

Agus fiú i gcás ainmneacha briathartha dar tús consan inséimhithe, níl feidhm ag idirdhealú an Chaighdeáin Athbhreithnithe i gcás ainm bhriathartha atá faoi réir ag aon cheann de na hainmfhocail seo a leanas:

- (i) ainmfhocal frinscneach uatha sa tuiséal ainmneach (m.sh. ‘ordú caomhnaithe’),¹¹
- (ii) ainmfhocal baininscneach uatha sa tuiséal ginideach (m.sh. ‘ordú daingnithe na scéime caomhnaithe’),¹²
- (iii) ainmfhocal baininscneach iolra (m.sh. ‘scéimeanna caomhnaithe’),¹³

⁹ ‘Na hurrúis dá dtagraítear i míreanna (c) agus (d) d’alt 2 i ndáil le cuideachta eisce is bintiúir nó bannaí ... iad ... nach dtugann cearta vótála sa chuideachta’, *The securities referred to in paragraphs (c) and (d) of section 2 in relation to an excepted company are debentures or bonds ... that do not confer voting rights in the company* (alt 2B(1) den Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann, 1997, arna chur isteach le halt 28 den Acht um Chistí Infheistiúchá, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2006) – cf. ‘cuideachta eisiata’, ‘cuideachta údaraithe’ agus ‘fochuideachta ainmnithe’ (tabharfar samplaí díobhsan as na hAchtanna i bhfonótaí 16-17 thíos).

¹⁰ ‘Ciallaíonn cuideachta rialaithe cuideachta a chónaíonn sa Stát ... (i) nach mó ná 50 an líon daoine a shealbháíonn scaireanna inti; (ii) nár eisigh aon scaireanna dá cuid de thoradh cuireadh don phobal suibscríobh le haghaidh scaireanna; agus (iii) ar líon daoine nach mó ná 5 dhuine a rialaíonn í, *A controlled company means a company resident in the State ... (i) in which the number of persons holding shares is not more than 50; (ii) which has not issued any of its shares as a result of a public invitation to subscribe for shares; and (iii) which is under the control of not more than 5 persons* (alt 35(4) den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975) – cf. ‘cuideachta neamhchláraithe’ agus ‘cuideachta scortha’ (tabharfar samplaí díobhsan as na hAchtanna i bhfonótaí 16 agus 17, faoi seach, ar an gcéad leathanach eile).

¹¹ ‘aon ainmhithe nó fásra is ábhar d’ordú caomhnaithe’, *any flora or fauna subject to a conservation order* (alt 77(1)(f) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963) – cf. na téarmaí dlí ‘deimhniú comhlíonta’, *certificate of conformity*, agus ‘deimhniú urscaoilte’, *certificate of discharge*, mar shampla.

¹² ‘oibreoidh ordú daingnithe na scéime caomhnaithe cósta ... chun an chuid sin de na cumhachtaí a thabhairt dóibh a shonraítear san fho-alt sin agus is iomchuí chun críocha a gconartha’, *the order confirming the coast protection scheme shall ... operate to confer upon them such of the powers specified in that subsection as may be appropriate for the purposes of their contract* (alt 11(2) den Acht um Chaomhnú an Chósta, 1963).

¹³ ‘Acht do dhéanamh socrú chun scéimeanna caomhnaithe an chósta a dhéanamh’, *An Act to provide for the making ... of coast protection schemes* (teideal fada an Achta um Chaomhnú an Chósta, 1963).

- (iv) ainmfhocal frinscneach iolra sa ghinideach (m.sh. ‘méid limistéar caomhnaithe’),¹⁴ agus
- (v) ainmfhocal frinscneach iolra nach críoch consan caol (m.sh. ‘bearta caomhnaithe’).¹⁵

Go fiú gan comhthéacs a bheith tugtha i gcás na samplaí sin thuas, bíonn sé soiléir de ghnáth cé acu an ginideach den ainm briathartha nó aidiacht bhriathartha atá i gceist.¹⁶ Agus bíonn sé níos soiléire fós, de ghnáth, ach súil a chaitheamh ar an gcomhthéacs ina bhfaightear na téarmaí, mar a fheictear sna fonótaí a ghabhann le roinnt de na samplaí sin thuas.¹⁷ Is beag gá, mar sin, atá le dul i muinín aon seifte saorga chun idirdhealú a dhéanamh idir an ginideach den ainm briathartha agus

-
- ¹⁴ ‘Fianaise i dtaobh méid uiscí inmheánacha ... agus limistéar caomhnaithe iascaigh’, *Evidence as to extent of internal waters ... and fishery conservation areas* (teideal taoibhe alt 13 den Acht um Dhlínsé Mhuirí, 1959).
 - ¹⁵ ‘Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna coinníollacha a bheidh ag gabháil le ceadúnas seirbhíis uisce – ... bearta caomhnaithe’, *Conditions attaching to a water services licence may include – ... conservation measures* (alt 83(3) den Acht um Sheirbhíis Uisce, 2007).
 - ¹⁶ Is léir, mar shampla, gur aidiacht bhriathartha atá in ‘neamhchláraithe’ in ‘cuideachta neamhchláraithe’, a tugadh ar aird i bhfonóta 10 thuas: ‘San alt seo foláionn “cuideachta” cuideachta neamhchláraithe agus cuideachta a corpraíodh lasmuigh den Stát agus a bhfuil áit ghnó bhunaithe aici sa Stát’, *In this section “company” includes an unregistered company and a company incorporated outside the State which has an established place of business within the State* (alt 183(3) d’Acht na gCuideachtaí, 1963); cf. ‘fochuideachta ainmnithe’, a tugadh ar aird i bhfonóta 9 thuas: ‘ciallaíonn “fochuideachta ainmnithe” fochuideachta a bhfuil ordú i ngníomh ina leith faoi alt 16(12)’, *“designated subsidiary” means a subsidiary in respect of which an order is in operation under section 16 (12)* (alt 2 den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007).
 - ¹⁷ Féach, chomh maith, an comhthéacs ina bhfaightear an aidiacht bhriathartha in ‘cuideachta scortha’, a luadh i bhfonóta 10 thuas: ‘An chuideachta scortha a scor’, *Dissolution of the dissolved company* (teideal taoibhe alt 60 den Acht Forbartha Móna, 1946) – mar shampla de ‘scortha’ mar ghinideach den ainm briathartha féach ‘murab í an bhliain mheasúnachta ina dhiaidh sin bliain bhuan-scortha na trádála’, *unless the second-mentioned year of assessment is the year of the permanent discontinuance of the trade* (alt 60(2)(b) den Acht Airgeadais, 1959); is beag cabhair a thugann an comhthéacs, áfach, i gcás ‘cuideachta eisiata’, a luadh i bhfonóta 9 thuas: ‘is cuideachta eisiata cuideachta má chomhlíonann ... sí na coinníollacha seo a leanas’, *a company shall be an excluded company if ... it complies with the following conditions* (alt 4(2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Infheistíocht ón gCoigrích a Ghríosadh), 1958) – ‘eisiata’ atá mar ghinideach an ainm bhriathartha ‘eisiamh’ agus mar fhoirm na haidiachta briathartha araon; féach ‘cuideachta údaraithe’, chomh maith: ‘Forléireofar aon tagairt san Acht seo do chuideachta údaraithe mar thagairt don chuideachta arna ceapadh faoi fho-alt (1) ag an údarás áitiúil áirithe a mbeidh aon fhoráil den Acht seo ina bhfuil an tagairt sin le cur chun feidhme ina leith’, *A reference in this Act to an authorised company shall be construed as a reference to the company appointed under subsection (1) by the particular local authority to which any provision of this Act in which that reference occurs falls to be applied* (alt 5(2) den Acht um Athnuachan Uirbeach, 1998). Ar ndóigh, ní bheadh aon chabhair le fáil ón dshéimhiú i gcás na bhfocal sin thuas dar tús guta.

an aidiacht bhriathartha i gcás na samplaí sin thuas, agus is amhlaidh atá i gcás an lín theoranta téarmaí ar féidir díshéimhiú an Chaighdeáin Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm orthu, mar a fheicimid sa staidéar.

Séimhiú seanbhunaithe

Ní shéantar anseo nach mbeadh cásanna fánacha ann ina mbeadh idirdhealú den sórt atá curtha chun cinn sa Chaighdeán Athbhreithnithe áisiúil don aistritheoir ach go háirithe, ach meabhraíonn téarmaí traidisiúnta aithnidiúla ar nós ‘sciath chosanta’ agus ‘bean chaointe’ dúinn gur cuid de ghnás na Gaeilge é an ginid-each séimhithe den ainm briathartha agus é ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha. Agus, mar a chonaiceamar thuas, is amhlaidh, chomh maith, ó thaobh brí de, go dtuigfí ón téarma féin, agus / nó ón gcomhthéacs, i bhformhór mór na gcásanna den ainm briathartha faoi shéimhiú sa ghinideach, nárbh í an aidiacht bhriathartha a bhí i gceist. Mar léiriú air sin, agus ar ghnás an tséimhithe ar an ainm briathartha sa ghinideach i gcoitinne, tugtar anseo thíos líon mór samplaí as *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill* (FGB anseo feasta, de ghnáth) den séimhiú ar an ainm briathartha ar lorg ainmfhocail bhaininiscnigh uatha.¹⁸

Má thógaimid an t-ainm briathartha ‘cosaint’ féin, atá luaite i riail an Chaighdeáin Athbhreithnithe, mar a chonaiceamar thuas, chomh maith le ‘sciath chosanta’¹⁹ tugtar an téarma traidisiúnta eile ‘craobh chosanta’²⁰ in FGB, mar aon le ‘líne

¹⁸ Ba mhór an chabhair dom, agus mé ag tosú amach ar an liosta a thugtar anseo a chur i dtoll a chéile, an fhoscbrínn a ghabhann le *Nótaí gramadaí: Ainmfhocail faoi réir a chéile*, le Maolmhaodhóg Ó Ruairc, mar a dtugtar samplaí as *Foclóir Uí Dhónaill d’ainmfhocail sa ghinideach* agus iad faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha. Tugtar a bhfreagraíonn dóibh sa Bhéarla in FGB sna fonótaí anseo thíos a ghabhann leis na samplaí sin, i gcás na dtéarmaí aithnidiúla chomh maith le cinn nach mbeadh chomh haithnidiúil céanna, b’fhéidir, ar mhaithe leis an gcomhleanúnachas agus toisc nach dtugtar comhthéacs na bhfocal nó na dtéarmaí sa liosta lom de ghnáth – aon áit arbh fhéidir liom a leithéid a fháil i Nua-Chorpas na hÉireann (<http://corpas.focloir.iel>, an corpas a bhaineann le tionscadal an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge atá á stiúru ag Foras na Gaeilge), tugtar sampla den téarma ó údar Gaeltachta.

¹⁹ *protective shield* (FGB) – fch, m.sh., ‘Bhí bua amháin againn, go raibh cábán faoi fhothain na coille mar sciath chosanta againn ó roistí na gaoithe móire’ (Mícheál Ua Ciarmhaic [Uíbh Ráthach], *Iníon Chíbheac*, 1996) – cf. *Eizicéil* 26.8 in *An Bíobla Naofa* (Maigh Nuad, 1981): ‘Maróidh sé d’iníonacha leis an gclaiómh ar tír mhór; déanfaidh sé balla léigir i do choinne, tógfaidh sé móta cré i do choinne agus caithfidh suas sciath chosanta i do choinne’; le sampla den úsáid choitianta mheafarach a thabhairt anseo, féach ‘Isí an teanga is sciath-chosanta don Chreideamh agus don Náisiúntacht’ (Feargal Mac an Bháird, in *An Tír*, Iúil 1929, lch 16, arna thabhairt ag Philip O’Leary in *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922-1939* (BÁC 2004), lch 546).

²⁰ *chief defender, champion* (FGB); faightear ‘craobh chosanta’ in L. Mc Cionnaith, *Foclóir Béarla 7 Gaedhilge* (1935), chomh maith, s.v. *defender* (leis an mbrí *champion*), agus i bhFoclóir an Duinnínigh, mar a dtugtar a *protecting branch, champion* ar ‘craobh chosanta’, s.v. ‘craobh’.

chosanta'.²¹ Agus i dteannta an natha 'tá sé ina sciath chosanta aici'²² faightear 'chuir siad iad féin i dtreoir chosanta'.²³ I dtaca le 'caomhnú' agus 'forbairt' sna heiseamláirí as an gCaighdeán Athbhreithnithe thuas, tugtar 'áit chaomhnaithe'²⁴ agus 'comhéifeacht fhorbartha'²⁵ in FGB, faoin gceannfhocal 'caomhnú' agus 'comhéifeacht' faoi seach.

Ag díriú dúinn ar ainmneacha briathartha eile atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach, i dteannta na dtéarmaí aithnidiúla 'bean chaointe'²⁶ agus 'badhbh chaointe',²⁷ faightear na samplaí seo a leanas in FGB de 'caoineadh' arna shéimhiú sa ghinideach: 'búir chaointe',²⁸ 'grág chaointe',²⁹ 'uail chaointe'³⁰ agus 'streill

²¹ *line of defence* (FGB) – fch, m.sh., 'Arís bhí líne chosanta ar chuile thaobh díobh ag na fir troda' (Colm Ó Ceallaigh [Connachta], *Bridín an Dilleachta*, 1995). Ar ndóigh, i gcomhthéacsanna áirithe, d'fhéadfadh 'cosanta' bheith ina aidiacht bhriathartha in 'líne chosanta'. Téarma eile ina bhfaightear 'cosanta' faoi shéimhiú ná 'cóir chosanta', a thugann Mc Cionnaithe ina fhoclóirsean ó Ghaeilge Chonamara agus na Mumhan, s.v. *instrument* (leis an mbrí *apparatus*); i dtaca le Gaeilge Uladh de, féach 'Ní raibh cóir chosanta riachtanach ar oiread pingine de amach ón mhúineál caol atá á cheangal den Oileán, agus anseo tá lorg ceithre sheandíog agus claíocha le feiceáil go fóill' (Eoghan Ó Colm, *Toraigh na dTom*, 1995).

²² *he shields her (from all censure)* (FGB) – fch, m.sh., 'Go dtí sa deireadh gur samhldh dó gur cheart dó a bheith ina sciath chosanta ag bean ar bith a measfadh sé go rabhtas ag déanamh éagóra uirthi' (Seamus Ó Grianna [Ulaidh], *Cora Cinniúna*, 1993).

²³ *they prepared to defend themselves* (FGB) – cf. 'Creidim gurbh é an plean in am baoil ná an bia a stóráil sa Dún; na beithígh a thiomáint isteach ar an rinn agus treoir chosanta a chur ar na claíocha' (Colm Ó Ceallaigh, *op. cit.*).

²⁴ *place of security; cache* (FGB) – arís, ar ndóigh, i gcomhthéacsanna áirithe, d'fhéadfadh 'caomhnaithe' bheith ina aidiacht bhriathartha in 'áit chaomhnaithe'.

²⁵ *coefficient of expansion* (FGB).

²⁶ *keening woman* (FGB) – fch, m.sh., 'Bhí sí ag bogchneadaíl anois faoi mar a bheadh bean chaointe tar éis tromthaoim ghoil ar thórramh dhuine anaithnid' (Pádraig Ó Cíobháin [Corca Dhuibhne], *Le Gealaigh*, 1991); cf. 'Chomáineamar linn iad, gur shroicheamar an Leitir Cheannann, nó, mar a dúirt file éigin nó bean chaointe éigin, "an Litir nach léitear"' (An tAth. Peadar Ó Laoghaire [Múscraí], *Mo Scéal Féin*, 1915 – fch www.logainm.ie, s.v. 'Leitir Ceanann').

²⁷ *banshee* (FGB); téarma aithnidiúil eile, a ndéalraíonn sé nach dtugtar i bhFoclóir Uí Dhónaill é, is ea 'gáir chaointe' – fch, m.sh., 'Ní gáir mhaíte sin ach gáir bhróin, gáir chaointe is chumha' (Niall Ó Dónaill [Ulaidh], *Seanchas na Féinne*, 1997); cf. 'béic chaointe' – 'Chuir Máire béic chaointe aisti agus thit sí i lagar ar an urlár' (Micheál Ó Ráighne [Connachta], *Deoir ón tSúil*, 1990).

²⁸ *roar of crying* (FGB) – fch, m.sh., 'Chuaigh sí in arraingeacha agus lig sí búir chaointe aisti a tharraingeochadh slóite de phóilíní is dochtúirí ionsuirthi más i lár cathrach a d'imeochadh a leithéid uirthi' (*Nótaí don Ardteist*, ón idirlíon – sa chás seo, ní fios ar údar Gaeltachta a scríobh nó nárbh ea).

²⁹ *hoarse scream* (FGB) – tabhair do d'aire an easpa séimhithe ar lorg 'grág', nuair nach ainm briathartha atá ar a lorg, in 'grág préacháin' (*caw of rook*), 'grág bonnáin' (*boon of bittern*) agus 'grág circe' (*cackle of hen*).

³⁰ *wailing cry* (FGB) – fch, m.sh., 'Thóg an mhuir uail chaointe fán easpa agus ghéis na garbhchnoic fán ghábhadh' (Niall Ó Dónaill, *Seanchas na Féinne*).

chaointe’;³¹ ‘baothracht chaointe’,³² ‘bolscaireacht chaointe’,³³ ‘diúgaireacht chaointe’,³⁴ ‘plobaireacht chaointe’³⁵ agus ‘smutaireacht chaointe’.³⁶ I gcás ‘céasadh’ faightear ‘an Chroch Chéasta’,³⁷ mar aon le ‘cros chéasta’³⁸ agus ‘Aoine (an) Chéasta’.³⁹ I gcás ‘cuimilt’, i dteannta na dtéarmaí nua-aimseartha ‘comhéifeacht chuimilte’,⁴⁰ ‘crág chuimilte’⁴¹ agus ‘lámhainn chuimilte’,⁴² tugtar ‘oighe chuimilte’⁴³ agus an abairt ‘thug sí ruaill chuimilte orthu’⁴⁴ in FGB. Is ar éigean go bhféadfadh aon duine a cheapadh gur aidiacht bhriathartha a bhí i gceist le haon cheann de na ginidigh sin thuas de ‘caoineadh’, ‘céasadh’ nó ‘cuimilit’.

Ag cloí dúinn i gcónaí le hainmneacha briathartha dar tús an consan ‘c’ in FGB, samplaí aithnidiúla den ghinideach de ‘cónaí’ atá in ‘áit chónaithe’⁴⁵ agus ‘scoil

³¹ In ‘chuir sé streill chaointe air féin’, *he began to blubber* (FGB).

³² *hysterical crying* (FGB) – fch ‘Tháinig baothracht chaointe uirthi’ (Manchán Magan, *Manchán ar Seachrán*, 1998 – cainteoir ó dhúchas atá san údar, ach ní luaitear aon chanúint ar leith leis sa Nua-Chorpas).

³³ *loud crying* (FGB).

³⁴ *importunate crying; whimpering cry* (FGB) – fch, m.sh., ‘Chuardaigh sé agus chuardaigh sé, é ag diúgaireacht chaointe go ciúin’ (Pádraic Breathnach [Connachta], *Gróga Cloch*, 1990).

³⁵ *blubbing, soft crying* (FGB).

³⁶ *peevish crying* (FGB) – fch, m.sh., ‘Bhí mo mháthair bhocht ins an gclúid agus í ag smutaireacht chaointe agus cuma an bhróin uirthi’ (Colm Learaí Ó Finneadh [Connachta], *Tórramb an Bhardail*, 1995).

³⁷ *the Cross of the Crucifixion* (FGB) – cf. ‘an chroch chéasta a ghearradh ort féin’, *to make the sign of the cross on oneself* (FGB, s.v. ‘croch’); fch, m.sh., ‘Dá bhríthin sin níor chuir an mháthair d’araoid orru, ach braon uisce coisricthe a chraitheadh timcheall na leapthan agus an Chroch Chéasta a chur uirre fhéin leis’ (Máirtín Ó Cadhain, *An Braon Broghach*, 1984).

³⁸ *crucifix* (FGB) – fch, m.sh., ‘Tar éis é féin a dhaoradh, d’iompar sé a chrois chéasta go bun na haltóra’ (Joe Steve Ó Neachtain [Connachta], *Clochmhóin*, 1998).

³⁹ *Good Friday* (FGB) – fch, m.sh., ‘Níorbh é an bás ba chríoch dó / Ar Aoine Chéasta an áir / Mar phléasc sé as an tuama / Nuair a bhris sé réim an bháis’ (Peadar Bairéad [Connachta], *Cleití na hAislinge*, 1993); cf. E. C. Quiggin, *A Dialect of Donegal – Being the Speech of Meenawannia in the Parish of Glenties* (Cambridge 1906), alt 114, lch 45 (*i:ní ·çeastə* – cf. lch 169), agus féach alt 19(1) d’Acht Toghachán an Uachtaráin, 1937: ‘an chéad lá ina dhiaidh sin nach Domhnach, Aoine Chéasta, Lá Nodlag ná lá saoire bainc’.

⁴⁰ *coefficient of friction* (FGB).

⁴¹ *friction clutch* (FGB).

⁴² *flesh-glove* (FGB).

⁴³ *file* (FGB) – fch, m.sh., ‘Cá bhfuil an dara fear a scríobhfadh amach as an phríosún ag iarraidh oighe chuimilte a chur isteach chuige leis an phost?’ (Seamus Ó Grianna, *Cora Cinniúna: Gearrscéalta Mháire* 1, 1993); cf. ‘adeir glór cráite chomh géar le hoighe chuimilte ar iarann meirgeach’ (Colm Ó Ceallaigh [Connachta], *Deoir Ghoirt an Deoraí*, 1993).

⁴⁴ *she gave them a quick rub* (FGB).

⁴⁵ *dwelling-place* (FGB) – cf. ‘do chroí a chur in áit chónaithe’, *to possess one’s soul in*



Niall Ó Dónaill

chónaithe’.⁴⁶ Cé nach bhfuil foirm aidiachta briathartha ag ‘cúnamh’ is cinnte go sílfeadh go leor daoine go mbeadh an séimhiú le baint de ‘cúnta’ de réir riail nua an Chaighdeáin Athbheithnithe – i dteannta an téarma thraidisiúnta ‘lámh chúnta’⁴⁷ tugann FGB ‘tairiscint chúnta’⁴⁸ agus an téarma teicniúil ‘áirse chúnta’.⁴⁹ Faightear ‘lámh chuidithe’,⁵⁰ chomh maith. Téarmaí a bhaineann leis an seansaol atá in

patience; fch, m.sh., ‘Uair sa tríú bliain a thagann glaoch ar na hóga anso le fada dul amach go dtí áit chónaithe an tsagairt paróiste i mBaile an Fheirtéaraigh chuinn dul fé lámh easpaig’ (Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, 1929); cf. ‘Ábhach: áit oscailte idir chlocha sa gcnoc nó sa bhfarrage; áit chónaithe ag ainmhithe nó iasc é’ (Tomás Ó Máille [Connachta], *An Béal Beo*, eagrán 2002 [1936/7])

- ⁴⁶ *boarding school* (FGB) – fch, m.sh., ‘An t-am sin fosta, ní mórán saoirse a bheadh ar fáil ag scoláire i scoil chónaithe, go háirithe ag ábhar sagairt’ (An tSr. Eibhlín Ní Chionnaithe [Connachta], *Pádraic Ó Conaire – Scéal a Bheatha*, 1995)
- ⁴⁷ *helping hand* (FGB – cf. ‘thug sé lámh chúnta dom’, *he gave me a helping hand*); fch, m.sh., ‘Is obair an-mhall í, ach cuidíonn na daoine le chéile go maith ... agus níl leisce ná leointíocht orthu lámh chúnta a thabhairt uathu, ná oibleagáid a dhéanamh in am na cruóige’ (Peadar Ó Concheanainn, *Inis Meáin: Seanchas agus Scéalta*, 1993).
- ⁴⁸ *offer to help* (FGB).
- ⁴⁹ *relieving arch* (FGB).
- ⁵⁰ *helping hand* (FGB – cf. ‘thug sé lámh chuidithe dom’, *he gave me a helping hand*); fch, m.sh., ‘Bhíodh sé ag Mac Suibhne lá bhaint na mónadh agus bheireadh sé lámh chuidithe dó le fiche obair eile’ (Seamus Ó Grianna, *Cora Cinniúna*).

‘leac cháite’,⁵¹ ‘corr chasta’⁵² agus ‘leac chruaite’,⁵³ mar aon le ‘olann chíortha’.⁵⁴ Féach, chomh maith, ‘gaoth cháite’⁵⁵ agus ‘cléir cháinte’.⁵⁶ Agus faightear ‘gaoth choscartha’⁵⁷ in FGB. Baineann ‘láthair chruinnithe’⁵⁸ agus ‘oifig chláráithe’⁵⁹ leis an saol nua-aimseartha ach go háirithe. Is nath a bhaineann le héadach atá in ‘tá cuid chaite ann’⁶⁰ agus is téarma dlí atá in ‘fianaise chlostrácta’.⁶¹

Ag dul ar aghaidh in FGB go dtí ainmneacha briathartha dar tús consan seachas ‘c’, is téarmaí aithnidiúla a bhaineann leis an saol nua-aimseartha atá in ‘litir mholta’⁶²

⁵¹ *flat rock used as a floor for winnowing grain* (FGB).

⁵² ‘Corr shúgáin, chasta’, *throw-crook, rope-twister* (FGB).

⁵³ *flat rock used as a floor for drying grain* (FGB).

⁵⁴ *combing wool* (FGB) – fch, m.sh., ‘abhras: snáth a bhíonn sníofa as snáitheanna fada d’olann chíortha’ (Colm Ó Loinsigh, *Céimeanna sa Stair* 4, 1990 – ní fios an údar Gaeltachta atá san aistriitheoir nó nach ea, de réir an Nua-Chorpais); cf. ‘faibricí fite d’olann chíortha nó d’fhionnadh mín cíortha ainmhí (*Dréachtchomradh a bhunaíonn Bunreacht don Eoraip*, ón idirlíon, 2004).

⁵⁵ *winnowing wind, light breeze* (FGB) – fch, m.sh., ‘Tá glórthaí Conallacha, guthanna Ciarraíocha ag bláthú anseo ar chrann géagach na gcanúintí, agus i mbrothall na cathrach tá a mboladh tíriúil chomh fionnuar le gaoth cháite ón tsáile, le ceobháisteach ón tsiabh’ (Cathal Ó Searcaigh [Ulaidh], *Ag Tnúth leis an tSolais*, 2000).

⁵⁶ *strolling singers, bards; evil-tongued person or persons* (FGB – cf. ‘Is sibh an chléir cháinte’, *you have slanderous tongues*); fch ‘Agus dúirt sí gurbh í Siúgaí an chléir cháinte gan truaighe gan trócaire’ (Seamus Ó Grianna, *Cora Cinniúna*).

⁵⁷ *thawing wind* (FGB, s.v. ‘coscairt’) – féach an dá théarma eile seo a leanas ina bhfaightear ‘coscartha’ faoi shéimhiú, as dhá aistriúchán: ‘Níl aon teorainn lena bhfuil de ghlaisí ag cur díobh le fánaí anuas chun na habhann seo, ach níl aon róthoirt in aon cheann acu fós, go háirithe, cé gur scanradh lena bhfeiceáil iad sa dúluachair agus aimsir choscartha an tsneachta’ (Seán Ó Cuirín [an Mhumhain], *Dracula*, 1997) agus ‘ar seisean, agus cuil choscartha air’ (Niall Johnny Sheamaisín Ó Dómhnaill [Ulaidh], *Eadar Muir is Tír*, 1997).

⁵⁸ *meeting-place* (FGB) – cf. ‘Socraíodh faoi dheireadh láthair chruinnithe agus áiseanna oifige a chur ar fáil dóibh’ (as an nuachtán seachtainiúil *Anois*, 1995-09-02 – ní chuirtear in iúl cé a scríobh).

⁵⁹ *registration office* (FGB) – fch, m.sh., ‘Thuig sé go bhféadfadh sé pósadh in oifig chláráithe ann, go háirithe nuair nach raibh cur ina choinne ag a chéad bhean Máirín’ (Seán Ó Ceallaigh [an Mhumhain] (ach an t-údar gan a bheith ina chainteoir ó dhúchas, de réir an Nua-Chorpais)], *Éamonn Mac Giolla Iasachta 1887-1986*, 2003) – tabharfar samplaí as Achtanna an Oireachtais i gCaibidil 3 thíos.

⁶⁰ *it wears well* (FGB).

⁶¹ *hearsay evidence* (FGB) – is ‘fianaise chlostrácta’ is iontamhail sa Ghaeilge do *hearsay evidence* sa Bhéarla de réir an Ordaithe Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 4), 1949; fch ‘Fágadh gan chíoradh an fhianaise chlostrácta a léireodh go raibh ceannfháth rúnda eile, diomaite den cheann eacnamaíochta, laistiar den dúnmharú’ (Pádraig Ó Siadhail [Ulaidh] (ach an t-údar gan a bheith ina chainteoir ó dhúchas, de réir an Nua-Chorpais)], *Peaca an tSinsir*, 1996).

⁶² *letter of recommendation* (FGB) – fch, m.sh., ‘Ainneoin go raibh col ceathar le Tomás ... ina shagart agus ina mhúinteoir i gColáiste Chnoc an tSamhraidh i Sligeach dhiúltaigh an

agus ‘uimhir thagartha’⁶³ – níl ‘líne thagartha’⁶⁴ chomh haithnidiúil céanna, b’fhéidir An seansaol a mheabhraítear dúinn sna téarmaí ‘láthair bhuaile’,⁶⁵ ‘leac bhuaile’,⁶⁶ ‘cliath fhuirste’⁶⁷ agus ‘úim tharraingthe’.⁶⁸ Féach ‘scian/scuab bhearrtha’⁶⁹ agus ‘eochair thochraiste’,⁷⁰ chomh mhaith. Saol na farraige, idir an seansaol agus an saol nua-aimseartha, a mheabhraítear dúinn leis na téarmaí ‘i nguais (do) bháite’⁷¹ agus ‘tonn bháite’,⁷² ‘cáin fheistithe’⁷³ agus ‘leaba thaomtha’,⁷⁴ chomh maith le ‘cleith sháite’,⁷⁵ ‘bratach sheolta’,⁷⁶ ‘cóir sheolta’⁷⁷ agus ‘gaoth sheolta’.⁷⁸ Faightear ‘saileach shilte’,⁷⁹ chomh maith. I dtaca leis an talamh faightear ‘leac shuite’⁸⁰

tAthair Ó Fearachair litir mholta a thabhairt don bhuachaill óg meabhrach as Gort na gCapall agus ceileadh a chuid meánscolaíochta ar Thomás Ó Flatharta’ (Liam Mac Con Iomaire [Connachta], *Breandán Ó hEithir – Iomramh Aonair*, 2000).

- ⁶³ *reference number* (FGB) – tabharfar neart samplaí as Achtanna éagsúla i gCaibidil 3 thíos.
- ⁶⁴ *datum line* (FGB) – fch ‘Dearbhthoisíú – ó phointe tagartha nó líne thagartha a thógtar na toisí go léir (Fíor 39)’ (Seán Ó Tuairisg, *Imealtóireacht agus Teicneolaíocht Bhunúsach*, 1996 – ní fios an údar Gaeltachta atá san údar nó nach ea, de réir an Nua-Chorpais).
- ⁶⁵ (i) *threshing floor*; (ii) *battle arena* (FGB).
- ⁶⁶ *flat rock used as a floor for threshing grain* (FGB).
- ⁶⁷ *harrow* (FGB) – fch, m.sh., ‘Bhí páirceanna móra eile treabhaite go garbh gan an chliath fhuirste curtha orthu go fóill’ (Pádraig Ó Baoighill [Ulaidh], *Ceann Tíre/Earraghàidheal: Ár gComharsanaigh Gaelacha*, 2003); cf. ‘Ní iontas ar bith “cliath fhuirste na farraige” á thabhairt ar an ghaoth anoir aduaidh ... is deas a shlíocann sí Reilig Phádraig’ (Eoghan Ó Colm, *Toraigh na dTonn*).
- ⁶⁸ *draught-harness* (FGB) – fch ‘Lem shaol chonac tú / Faoi úim tharraingthe na hoibre, / An chasóg asail ar maidin ort sa chistin / Na ceapairí *rashers* fuara; / Thiar i ré na Clochaoise / Bheifeása faoin gcéachta ag treabhadh’ (Liam Ó Muirthile, ‘Faoi Úim’, in *Time Chnámh* [BÁC 1984], lch 75).
- ⁶⁹ Tá (i) (*open*) *razor* agus (ii) *pruning-knife* ar ‘scian bhearrtha’ in FGB, s.v. ‘scian’, agus *shaving-brush* ar ‘scuab bhearrtha’, s.v. ‘scuab’ – cf. lch 366 anseo thíos.
- ⁷⁰ *winding key* (FGB).
- ⁷¹ *in danger of drowning* (FGB).
- ⁷² *beach comber; stormy ocean wave* (FGB) – fch ‘insíodh dom go ndearnadh caoineadh sa bhliain 1974, nuair a scuab tonn bháite cailín óg naoi mbliana déag amach chun na farraige nó gur báitheadh í’ (Lillis Ó Laoire [Ulaidh], *Ar Chreag i lár na Farraige*, 2002).
- ⁷³ *moorage* (FGB).
- ⁷⁴ *bilge (of boat)* (FGB).
- ⁷⁵ *punt-pole* (FGB) – fch ‘Cleith sháite atá ar an maide a bhíos lena sá’ (Tomás Ó Máille, *An Béal Beo*).
- ⁷⁶ *sailing flag* (FGB).
- ⁷⁷ *favourable sailing wind* (FGB).
- ⁷⁸ *favourable sailing wind* (FGB).
- ⁷⁹ *weeping willow* (FGB) – fch ‘B’fhéidir go bhfuil an trófaí tréigthe ar an machaire sin go fóill – chomh maith leis an tsailleach shilte ar an bhfána os comhair an mhaintí’ (Róisín Ní Mheara-Vinard [a rugadh i Londain], *Cé hí seo amuigh?*, 1992).
- ⁸⁰ *imposing stone* (FGB).

agus ‘cloch tharraingthe’.⁸¹ Téarmaí a bhaineann le cúrsaí meicniúla atá in ‘ola bhealaithe’,⁸² ‘lámh dhúisithe’,⁸³ ‘lasc dhúisithe’⁸⁴ agus ‘cumhacht ghluaiste’,⁸⁵ agus is téarmaí teicniúla a bhaineann leis an mbaictéareolaíocht, leis an bpionsóireacht, leis an tsuirbhéireacht agus leis an gceol, faoi seach, atá in ‘cóir bheathaithe’,⁸⁶ ‘léim sheachanta’,⁸⁷ ‘eite shocraithe’⁸⁸ agus ‘gabhlóg thiúnta’.⁸⁹

Níl ach cúpla ceann de na téarmaí san alt deiridh sin thuas a bhféadfaí a shamhlú gur aidiacht bhriathartha a bhí i bhfoirm an ghinidigh den ainm briathartha iontu⁹⁰ agus léireodh an comhthéacs, de ghnáth, cé acu an ainm briathartha nó aidiacht bhriathartha a bhí i gceist. Mar a chéile leis na samplaí fánacha deireanacha seo a leanas as FGB den ghinideach den ainm briathartha agus é ar aon dul leis an aidiacht bhriathartha ó thaobh foirme de – ‘bainis bhaiste’,⁹¹ ‘tine bhruite’,⁹² ‘foireann mheilte’,⁹³ ‘an ghráin mhorgtha’,⁹⁴ ‘céir shéalaithe’,⁹⁵

⁸¹ *light casting stone* (FGB).

⁸² *lubricating oil* (FGB) – tabharfar samplaí as Achtanna éagsúla i gCaibidil 3 thíos.

⁸³ *starting handle* (FGB).

⁸⁴ *starting switch* (FGB).

⁸⁵ *motive power* (FGB) – tabharfar samplaí as Achtanna éagsúla i gCaibidil 3 thíos.

⁸⁶ *culture medium* (FGB).

⁸⁷ *volte* (FGB) – fch ‘Do-chonnaic sé buille a dhearbhráthar agus léim sheachanta an duine eile’ (Pádraig Ó Siochfhradha, *Cath Fionntrágha* [athinsint, 1925], lch 85 – mínítear an téarma sin mar seo a leanas sa ghluais ar lch 117: ‘léim i leathtaoibh chun buille do sheachnadh’).

⁸⁸ *settling-vane* (FGB) – *setting vane* in *Foclóir Béarla-Gaeilge de Théarmaí Míleata agus de Théarmaí Gaolmhara* (N. Ó Maonaigh, 2007 – fch <http://www.tearma.ie/Search.aspx?term=eite>).

⁸⁹ *tuning-fork* (FGB) – fch ‘Tiontaíonn réad a bhíonn ag creathadh fuinneamh meicniúil ina fhuinneamh fuaimne, e.g. gabhlóg thiúnta’ (Máirín Elliott [Connachta], *Eolaíocht na Linne Seo: Tiontuíte Fuinnimh* [aistriúchán, 1993]).

⁹⁰ Féach ‘silte’ in ‘saileach shilte’ (*weeping willow*) thuas, abair – aidiacht bhriathartha atá in ‘báite’ in ‘bileog bháite’, (*leaf of waterlily*) (FGB), mar shampla, agus in ‘basctha’ in ‘cailleach bhasctha’, *protruding object in ground* (FGB).

⁹¹ *christening celebration* (FGB) – fch ‘Nuair a bhaistear leanbh, déantar bainis bhaiste dó’ (Tomás Ó Máille, *An Béal Beo*).

⁹² *consuming fire* (FGB – cf. ‘bheith i dtine bhruite’, *to be in a consuming passion*); fch, m.sh., ‘A mhaighdean bheannaithe dhá dtosaíodh tine – bheadh na céadta bruite dóite loiscthe ina mbeatha ach ag an bpointe seo ní thabharfaí aon áird ar Lucifer dá mbeadh sé ag cárnadh tine bhruite isteach i lár an urláir’ (Colm Ó Ceallaigh, *Sclábhaíocht*, 1990), agus ‘Chuaigh an scéal ina thine bhruite ar fud an bhaile – gach béal ag cur a athruithe féin air nó go raibh eachtra an chlochair dhrisigh ina eachtra iontais ag an bpobail uile’ (Joe Steve Ó Neachtain, *Clochmhóin*).

⁹³ *grinders* (FGB).

⁹⁴ *the loathsomeness of decay* (FGB – sin atá ar ‘an ghráin mhairbh’, chomh maith, in FGB).

⁹⁵ *sealing-wax* (FGB) – faightear ‘céir shéalaithe’ ar *sealing-wax* i bhFoclóir de Bhaldraithe, chomh maith, s.v. *seal*; fch ‘Chuir mé céir shéalaithe ar an tsnaidhm agus shéalaigh mé an

‘conair theite’,⁹⁶ ‘cóip thíolactha’⁹⁷ agus ‘ola thriomaithe’,⁹⁸ gan trácht ar na haonaid aithnidiúla ‘cúis mhaíte’,⁹⁹ ‘gáir mhaíte’¹⁰⁰ agus ‘gáir mholta’.¹⁰¹ I gcás an ghinidigh de ‘bualadh’, in ‘cuid bhualte’ agus ‘iarraidh bhualte’, in FGB, is ar éigean go gcuirfeadh aon duine i gcás gur aidiacht bhriathartha a bhí in ‘dá mbeadh cuid bhualte ionat’,¹⁰² murab ionann agus ‘thug sé iarraidh bhualte orm’, b’fhéidir.¹⁰³ Mar a chéile leis an sampla deiridh anseo, ‘cuid mhianaithe’, ar a dtugtar *desideratum* in FGB.¹⁰⁴

Léiriú atá i go leor de na samplaí sin thuas ar cé chomh bunaithe sa teanga is atá an fhoirm shéimhithe den ainm briathartha d’ainneoin í a bheith ar aon dul le foirm na haidiachta briathartha sna téarmaí sin. I gcomórtas leis na samplaí sin thuas, ní bhfaightear ach corrshampla in FGB den ghinideach sin agus é díshéimhithe – ar na samplaí sin tá ‘táille cláraithe’,¹⁰⁵ ‘dabhach folctha’,¹⁰⁶

bheart amhlaidh le m’fháinne pósta’ (Seán Ó Cuirrín, *Dracula*).

⁹⁶ *path of retreat* (FGB).

⁹⁷ *presentation copy* (FGB) – fch ‘Is ceart go mbeadh nóta míniúcháin ag gabháil le gach ceann de na sé chóip thíolactha’ (suíomh gréasáin Roinn an Taoisigh, 2004).

⁹⁸ *drying oil* (FGB) – fch ‘Bhain sé feidhm as ola rois mar ola thriomaithe’ (<http://www.abhus.com/litem.php?keyword=Fijnschilder>).

⁹⁹ *something to be proud of* (FGB) – fch, m.sh., ‘Agus mé ag teacht i méadaíocht anseo i dtús na seascaidí ní raibh teach sa chomharsanacht gan a mhacasamhail de thobar, óir cúis mhaíte ag achán duine an t-am adaí a fholláine is a fhionnuaire a choinníodh sé tobar a mhuintire’ (Cathal Ó Searcaigh, *Ag Tnúth leis an tSolais*).

¹⁰⁰ *shout of triumph* (FGB) – fch, arís, m.sh., ‘Ní gáir mhaíte sin ach gáir bhróin, gáir chaointe is chumha’ (Niall Ó Dónaill, *Seanchas na Féinne*).

¹⁰¹ In ‘gáir (mholta) a ligean’, *to give a cheer* (FGB) – fch, m.sh., ‘D’éirigh gáir mholta ón slua agus nuair a thrasnaigh Tomás Óg agus Seán Ó Loinsigh an líne ardaíodh an bhéic: “Éire Abú!”’ (Maidhc Dainín Ó Sé [Corca Dhuibhne], *Mair, a Chapaill*, 1999).

¹⁰² *if you were worth beating* (FGB) – fch, m.sh., ‘Agus is maith duit féin nach bhfuil cuid bhualte ionat (Séamus Ó Grianna, *Cora Cinniúna: Gearrscéalta Mháire 1*).

¹⁰³ *he made an attempt to strike me* (FGB).

¹⁰⁴ s.v. ‘mianú’.

¹⁰⁵ *registration fee* (FGB) – faighimid samplaí de ‘táille cláraithe’ agus de ‘táille chláraithe’ araon ón iris *Feasta* ach go háirithe ar an Nua-Chorpas; mar shampla de ‘táille chláraithe’ ón mbunachar sin féach ‘Nuair a tosaíodh ar na craobhacha a chlárú tháinig deich scilling mar tháille chláraithe ó gach craobh’ (Liam Prút, *Dúchas*, 1990).

¹⁰⁶ *bath tub* (FGB); mar shamplaí den séimhiú ar an ‘f’ sa téarma sin, féach, ón nuachtán ar líne www.Tuairisc.ie, ‘An chéad uair eile a thiocfaidh tú ar dhamhán alla teanntaithe sa dabhach fholctha déan tarrtháil air agus cá bhfios ach go gcúiteoidh sé leat é lá is faide anonn’ (11 Bealtaine 2015), agus, ón iris mhíosúil ar líne *Beo!*, ‘Ar an 20 Meitheamh 2001 bháigh Yates, as Houston, Texas, a cúigear páistí, a bhí idir sé mhí agus seacht mbliana d’aois, sa dabhach fholctha’ (Meán Fómhair 2001, www.beo.ie); ar an lámh eile, tugtar ‘dabhach fothraithe’, *a bath tub*, i bhFoclóir an Duinnínigh – tabhair do d’aire, chomh maith, go bpléitear le ‘dabhach’ mar fhocal atá baininsneach agus firinsneach araon san fhoclóir sin.

‘leac fuinte’,¹⁰⁷ ‘cumhacht tarraingthe’,¹⁰⁸ ‘in úim treafa’¹⁰⁹ agus ‘slat tumtha’.¹¹⁰ Maidir le ‘táille cláraithe’, tabharfar samplaí de ‘táille chláráithe’ as na hAchtanna i gCaibidil 3 thíos. Maidir le ‘dabhach folctha’ agus ‘leac fuinte’, is amhlaidh nach bhfuil an easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha teoranta don ainm briathartha dar tús ‘f’, mar a aithnítear in *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* agus sa Chaighdeán Athbheithnithe araon.¹¹¹ Maidir le ‘cumhacht tarraingthe’ agus ‘slat tumtha’, tá an easpa séimhithe anseo ar ‘t’ tosaigh i ndiaidh ‘t’ deiridh de réir an Chaighdeáin Oifigiúil, agus gan a bheith teoranta d’ainmneacha briathartha,¹¹² ná níl an séimhiú ar lár le hidirdhealú a dhéanamh idir foirm an ainm bhriathartha sa ghindeach agus foirm na haidiachta briathartha a mbeadh séimhiú uirthi (i.e., ‘cumhacht tharraingthe’). I gcás ‘in úim treafa’ tabhair do d’aire gur sa nath sin a thugtar é in FGB seachas díreach mar théarma atá comhdhéanta den ainm briathartha agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach, agus féach go bhfaightear an téarma ‘úim tharraingthe’, gona shéimhiú, san iontráil chéanna sin ar ‘úim’ in FGB, mar a chonaiceamar roimhe seo thuas.

An t-ainm briathartha san áireamh

Leis an líon sin samplaí thuas den ghindeach den ainm briathartha faoi shéimhiú in FGB, ní aon ionadh é go n-áiríonn Nollaig Mac Congáil an t-ainm briathartha go sonrach sa riail a bhaineann le séimhiú ar ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal eile ina *Leabhar Gramadaí Gaeilge*, atá bunaithe ‘go hiomlán ar *Foclóir Gaeilge-Béarla Néill Uí Dhónaill*’:¹¹³

Séimhítear túschonsan ainmfhocail éiginnte nó ainm bhriathartha sa tuiseal ginideach má tá an t-ainmfhocal éiginnte nó an t-ainm briathartha faoi réir ag ainmfhocal eile (atá baininsneach¹¹⁴ agus san uimhir uatha nó san uimhir iolra¹¹⁵ agus ag críochnú ar chonsan caol) a thagann go

¹⁰⁷ *baking slab* (FGB).

¹⁰⁸ *tractive power* (FGB).

¹⁰⁹ *harnessed for ploughing* (FGB).

¹¹⁰ *dip-stick* (FGB).

¹¹¹ Díreofar ar an easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh i gCaibidilí 15-16 thíos.

¹¹² Arís, tá an easpa séimhithe ar ‘t’ tosaigh i ndiaidh ‘t’ deiridh ag teacht le *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* agus leis an gCaighdeán Athbheithnithe araon.

¹¹³ Nollaig Mac Congáil, *Leabhar Gramadaí Gaeilge* (Conamara 2002 [an séú cló 2010]), an réamhrá, lch 11.

¹¹⁴ Gabhann an fonóta seo a leanas le ‘baininsneach’: ‘tá cuid mhór eisceachtaí ar an riail áirithe seo’, agus tugtar liosta ina dhiaidh sin ‘de na heisceachtaí is coitianta’.

¹¹⁵ Gabhann tagairt don nóta céanna sin a thugtar san fhonóta díreach roimhe seo thuas le ‘iolra’ anseo, chomh maith – díreofar ar an ainm briathartha sa ghindeach agus é faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol i gCaibidil 6 thíos.

Agus áiríodh an t-ainm briathartha go sonrathach i riail an leagain den Chaighdeán Oifigiúil a chuir an Coiste a bhunaigh an Rialtas faoi choimirce Roinn na Gaeltachta sa bhliain 2010 i dtoll a chéile, is é sin, in *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge*:

- (a) Má bhíonn ainmfhocal (nach ainm dílis) nó ainm briathartha sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), agus é i gcáil aidiachta, cuirtear séimhiú air.

Bíonn an dara hainmfhocal i gcáil aidiachta nuair a bhíonn an chéad ainmfhocal á cháiliú aige, mar atá sna haicmí seo a leanas:

... (iii) Nuair a léiríonn an dara hainmfhocal an gníomh a dhéanann an chéad ainmfhocal nó an úsáid a bhaintear as, e.g. *áit chónaithe, áit pháirceála, bean chaointe, lámh chúnta, litir mholta, scéim mharcála, uimhir thagartha, uimhir theagmhála*;

(iv) Nuair a bhíonn gaol comhaisnéise idir an dá ainmfhocal, is é sin le rá nuair a thagraíonn siad don rud céanna, e.g. ... *cabaireacht chainte, pusaireacht chaointe*...

- (b) Séimhítear ainmfhocal (nach ainm dílis) nó ainm briathartha sa ghinideach má bhíonn sé faoi réir ag ainmfhocal sa Chéad Díochlaonadh

(i) atá sa ghinideach uatha nó sa ghairmeach uatha, ... nó

(ii) atá san ainmneach iolra agus a chríochnaíonn ar chonsan caol, e.g. ... *inmill bhainte*.¹¹⁷

Is amhlaidh go raibh an t-ainm briathartha curtha san áireamh go sonrathach, chomh maith, sa riail maidir leis an séimhiú ar ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail bhaininscneach uatha in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, a foilsíodh dhá bhliain tar éis don Chaighdeán Oifigiúil teacht amach:

Séimhítear túsconsan ainmfhocail sna cásanna seo a leanas:– ... Tuiséal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm bhriathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile a thagann go díreach roimhe: (a) nuair is ainmfhocal iolra dar críoch consan caol an chéad ainmfhocal ... (b) nuair is ainmfhocal baininscneach uatha (nach ginideach) an chéad ainmfhocal.


Samplaí aicmithe den riail: ... an ginideach ina ainm briathartha:– *cloch cheangail; léim sheachanta; bean chaointe*.¹¹⁸

¹¹⁶ Nollaig Mac Congáil, *op. cit.*, alt 7, lch 58.

¹¹⁷ Féach Foscríbhinn 5 don riail iomlán.

¹¹⁸ *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960) – cf. Foscríbhinn 2; féach, chomh maith, alt 4.15 den eagrán a d'fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1999, arna leasú ag an bhfear a chuir graiméar 1960 i dtoll a chéile, an Bráthair Liam A. Ó hAnluain, agus ag Niall Ó Dónaill:

Séimhítear tuiséal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag



Go fiú i réamhtheachtaí Chaighdeán Oifigiúil 1958, is é sin, in *Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* (1953), rinneadh an t-ainm briathartha a áireamh i dteannta an ainmfhocail i riail an tséimhithe. Baineann an séimhiú sa riail sin le hainmfhocail agus ainmneacha briathartha sa ghinideach agus iad i gcáil aidiachtaí agus tugtar an riail, mar aon le samplaí dá húsáid, díreach i ndiaidh na rialacha a bhaineann le séimhiú ar chonsan tosaigh aidiachtaí:

‘Baineann na rialacha sin thuas freisin le hainmfhocail agus ainmneacha briathartha sa nginide nuair a húsáidtear iad i gcáil aidiachtaí in abairtí mar–

- (a) *clúdach an bhosca phráis, mac an fhir ghortaithe, d’uireasa caighdeáin ghramadaí,*
- (b) *adharc bhó, cos chapaille, ubh chirce, ciall cheannaigh, cloch fhaobhair, scian choise duibhe, thug sé lámh chúnta dhúinn, shuigh sé ar chathaoir shúgáin.*¹¹⁹

An éiginnteacht agus leitheadú an díséimhithe

Cé go mbíonn sé soiléir ón gcomhthéacs de ghnáth cé acu an ginideach den ainm briathartha nó aidiacht bhriathartha atá i gceist san fhocal atá faoi réir ag ainmfhocal eile, tugtar éachtaint dúinn sa sampla ‘mac an fhir ghortaithe’ in (a) thuas – ar dócha, murab ionann agus a bhfuil ceaptha a bheith in ‘gortaithe’, gur aidiacht bhriathartha seachas ginideach den ainm briathartha atá ann – ar an deacracht a bheadh ag roinnt daoine i gcás téarmaí agus focal áirithe agus iad ag iarraidh a dhéanamh amach cé acu an aidiacht bhriathartha nó ginideach

ainmfhocal eile nuair is ainmfhocal baininsneach uatha (nach ginideach) an chéad ainmfhocal ... nuair atá an ginideach ina ainm briathartha: *clloch cheangail; léim sheachanta; bean chaointe.*

Déantar an t-ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol a áireamh leis an ainmfhocal iolra dar críoch consan caol in eagrán 1999:

Séimhítear tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile nuair is ainmfhocal iolra dar críoch consan caol an chéad ainmfhocal: *buidéil bhainne; éisc mhara; faochain chapaille*, nó nuair a chaolaítear san uatha consan deiridh an chéad ainmfhocail trí infhilleadh: *toirtín aráin choirce; sárú gealltanais phósta.* (cf. Foscríbhinn 3 anseo thíos.)

Díreofar sa dara cuid den staidéar seo ar an nginideach den ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch críoch consan caol, chomh maith leis an nginideach den ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol (féach fonóta 5 i bhFoscríbhinn 2 i dtaca le ‘faochain’ thuas).

¹¹⁹ Lch 20 – mar a fheicfear ó na samplaí, baineann (a) le hainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocail fhirinsneacha uatha agus baineann (b) le hainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocail bhaininsneacha uatha.

den ainm briathartha atá i gceist, agus cé acu an bhfuil séimhiú le cur ar an bhfocal nó le baint de faoin gCaighdeán Athbheithnithe. I gcás ‘aimsir chéasta’,¹²⁰ ‘obair chéasta’¹²¹ agus ‘pian chéasta’,¹²² mar shampla, ní hamhlaidh gurb é atá i gceist leo ‘aimsir atá céasta’, ‘obair atá céasta’ agus ‘pian atá céasta’ – dar le Foclóir Uí Dhónaill, áfach, is aidiacht atá in ‘céasta’ sna trí shampla sin,¹²³ agus is faoin aidiacht ‘céasta’ a thugann sé ‘an fhaí chéasta’,¹²⁴ chomh maith, cé go n-áirítear sin mar ghinideach den ainm briathartha ‘céasadh’ i bhfoinsí eile, mar a fheicimid ar ball.¹²⁵

Agus, i gcás riail nua an Chaighdeáin Athbheithnithe, fiú tar éis do dhuine a dhéanamh amach gur ainm briathartha seachas aidiacht bhriathartha a bhí i gceist, bheadh air a dheimhniú arbh ionann foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha agus foirm na haidiachta briathartha den fhocal a bheadh i gceist. I gcás ‘codladh’, mar shampla, bheadh an séimhiú le baint dá n-úsáidí an

¹²⁰ *miserable weather* (FGB).

¹²¹ *distressing, tedious work* (FGB) – fch ‘Bhí ceann den ruaim ceangailte ar chrann cuilinn aige agus é ag obair go dithneasach á réiteach – obair chéasta, leoga’ (Niall Johnny Shéamaisín Ó Dómhnaill, *Eadar Muir is Tír*).

¹²² *excruciating pain* (FGB) – cf. ‘Le linn an chúpla meandar sin mhothaigh Caitlín Uí Dhubháin pian chéasta mar bheadh gob scine ag gearradh na ndualta beannaithe, mar bheadh an grá ag tál ina dheora amach as a croí agus an ghráin ag neadú ina leaba’ (Joe Steve Ó Neachtain, *Clochmhóin*).

¹²³ Tá difear idir ‘céasta’ sna samplaí sin agus ‘saol céasta atá aici’, *she leads a miserable life* (FGB) ach go háirithe, ar aidiacht atá ann, murab ionann agus ‘céasta’ sna samplaí eile sin.

¹²⁴ *the passive voice* (FGB).

¹²⁵ Déanann Tomás de Bhaldraithe ‘cráite’, ‘glanta’, ‘céasta’ agus ‘seasta’, in ‘sgreadach chráite’, ‘cuma ghlanta’, ‘beatha chéasta’ agus ‘móin sheasta’ faoi seach, a chur i láthair mar shamplaí den ghinideach den ainm briathartha á úsáid mar aidiacht, seachas mar aidiachtaí briathartha (a ndealraíonn sé gurb in atá iontu), in *Gaeilge Chois Fhairrge – An Deilbhíocht* (1953), alt 136, lch 58 – cláraítear iad go léir mar ghinideach de na hainmneacha briathartha éagsúla atá i gceist i gclár na bhfocal sa leabhar, chomh maith. Agus áiríonn Brian Ó Curnáin ‘do bhean phósta’ i measc samplaí a thugann sé den ainm briathartha sa ghinideach in *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, Iml. III (BÁC 2007), lch 1747 – áirítear ‘pósta’, sa sampla sin, mar ghinideach uatha san innéacs a ghabhann leis an tsraith leabhar sin (Iml. IV, BÁC 2007, lch 2565), chomh maith. Le cur leis na samplaí sin, glacaim leis, chomh maith, gur aidiacht bhriathartha atá in ‘múchta’, mar shampla, sa téarma ‘smeachóid mhúchta’, cé go n-áiríonn Maolmhaodhóg Ó Ruairc é sna samplaí a thugann sé as Foclóir Uí Dhónaill d’ainmfhocail sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal eile (ina mhonagraf *Nótaí gramadaí: Ainmfhocail faoi réir a chéile*, lch. 41). Ní mór cuimhneamh, i gcás Rannóg an Aistriúcháin, a chuir an Caighdeán Athbheithnithe i dtoll a chéile, go mbeadh an téarma Béarla a bheadh á aistriú acu mar threoir acu agus ní bheadh aon amhras ar aistritheoirí cé acu an ginideach den ainm briathartha nó aidiacht bhriathartha a bhí ann – ábhar machnaimh a bheadh ann, áfach, i gcás leithéid ‘clár comhardaithe’, cé acu an aidiacht bhriathartha nó ginideach den ainm briathartha atá in ‘comhardaithe’ sa téarma coitianta sin, agus ar cheart ‘cláir chomhardaithe’ nó ‘cláir comhardaithe’ a bheith ann de réir riail nua an Chaighdeáin Athbheithnithe.

leagan malartach den ghinideach den ainm briathartha, ‘codalta’,¹²⁶ atá ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha, fad a bheadh sé le coinneáil i gcás an leagain chaighdeánaigh den ghinideach den ainm briathartha, ‘codlata’ – is é sin, bheadh ‘áit chodlata’ agat, ach ‘áit codalta’, de réir an Chaighdeáin Athbheithnithe. Ar na samplaí den ghinideach séimhithe de ‘codladh’ a fhaightear i bhFoclóir Uí Dhónaill tá ‘áit chodlata’,¹²⁷ ‘coir chodlata’,¹²⁸ ‘dairt (chodlata)’,¹²⁹ ‘easair chodlata’,¹³⁰ ‘meisce chodlata’,¹³¹ ‘míog chodlata’,¹³² ‘míogarnach chodlata’,¹³³ ‘oíche chodlata’,¹³⁴ ‘rámhaille chodlata’,¹³⁵ ‘sáimhríocht chodlata’,¹³⁶ ‘scailp chodlata’,¹³⁷ ‘spailp chodlata’,¹³⁸ ‘splanc chodlata’,¹³⁹ ‘spuaic chodlata’,¹⁴⁰ ‘srann chodlata’,¹⁴¹

¹²⁶ Féach, mar shampla, ‘Chuir sé cúpla maide trasna ó bhalla go balla le áit chodalta a bheith acu’ (Micheál Ó Ráighne, *Bóithrín na hAille Báine*, 1993 [rugadh an Ráighneach i Leitir Caladh, Co. na Gaillimhe, agus tá cónaí air ar an gCeathrú Rua, Conamara, dar leis an Nua-Chorpas]), ‘Rinne an t-iolar rud beag codalta ansin agus, nuair a dhúisigh sé, dúirt sé liom léim ar a dhroim arís’ (Nioclás Breathnach [an Mhumhain], *Cleasaithe*, 1993) agus ‘Tá dhá sheomra codalta ann, agus níl ann ach mé féin’ (Siobhán Ní Shúilleabháin, *Máirtín*, 1994).

¹²⁷ *a place to sleep* (FGB) – féach, mar shampla, ‘Nuair a bhí a scéal inste ag Coinnín agus é ag brath an bheairic a fhágáil, dúirt an sáirsint go mbeadh sé furast go leor acu áit chodlata a fháil dó sa bheairic’ (Fionn Mac Cumhaill [Ulaidh], *Slán Leat, a Mhaicín*, 1998).

¹²⁸ *sleeping accommodation* (FGB) – ‘Cuireadh coir chodlata orm féin chomh maith agus d’fhéad na daoine bochta é’ (An tAth Peadar Ó Laoghaire, *Mo Scéal Féin*).

¹²⁹ *fit of sleepiness* (FGB).

¹³⁰ ‘agus é sínte ina easair chodlata’, *while he was stretched out asleep* (FGB). Tugann Micheál Ó Murchú (*op. cit.*, lch 153) ‘fáir chodlata’ as *Cnuasach Céad Conlach*, le Seán Bán Mac Meanman.

¹³¹ ‘bhí meisce chodlata orm’, *I was dazed from want of sleep* (FGB).

¹³² *wink of sleep* (FGB) – tá ‘míog’ firinsneach de réir an Duinnínigh, a thugann ‘míog codalta’ dúinn.

¹³³ *sleepiness, drowsiness* (FGB).

¹³⁴ *a night’s sleep* (FGB) – ‘Chuireadh sé as dó féin freisin ... daoine a ligean síos ar an gcaoi seo, agus ba é an t-aon bhealach a bhí aige lena intinn a shuaimhniú agus le hoíche mhaith chodlata a fháil, roinnt piontaí a ól’ (Liam Mac Con Iomaire, *Breandán Ó hEithir, Iomramh Aonair*).

¹³⁵ *rambling in sleep* (FGB) – ‘Nach mbíodh an teilifís casta air sa teach againn síoraí seasta, chuile ábhar cainte faoin spéir tarraingthe anuas ar chuid de na cláracha, é féin caite siar sa gcathaoir mhór ansin, a shúile dúnta, é ag míogarnach chodlata ó theas na tine’ (Micheál Ó Conghaile, *An Fear a Phléasc*, 1997).

¹³⁶ *drowsiness* (FGB – cf. ‘tháinig sáimhríocht (chodlata) orm’, *I dozed off*).

¹³⁷ *spell of sleep* (FGB).

¹³⁸ ‘rinne mé spailp chodlata’, *I slept for a while* (FGB).

¹³⁹ *wink of sleep* (FGB) – is ‘splannc codalta’ a fhaightear i bhFoclóir an Duinnínigh, mar a bhfaightear ‘splannc tóirníge’ murab ionann agus ‘splanc thoirní’ i bhFoclóir Uí Dhónaill.

¹⁴⁰ *short nap* (FGB) – is ‘spuaic codalta’ (*a doze*) a fhaightear sa Ghailimh de réir Fhoclóir an Duinnínigh.

¹⁴¹ ‘tá sé ina shrann chodlata’, *he is fast asleep* (FGB).

‘srathairt chodlata’,¹⁴² ‘sreabh chodlata’¹⁴³ agus ‘támh (chodlata)’.¹⁴⁴ Tá baol le riail an Chaighdeáin Athbheithnithe go dtosófaí ar an séimhiú a fhágáil ar lár i leithéid ‘codlata’ sna samplaí sin thuas, ar eagla na heagla, d’ainneoin foirmeacha éagsúla a bheith ag an nginideach den ainm briathartha agus ag an aidiacht bhriathartha.

Cuspóir ag an ainm briathartha

Faoi mar a chonaiceamar thuas, bíonn sé soiléir de ghnáth ón gcomhthéacs cé acu an ginideach den ainm briathartha nó aidiacht bhriathartha atá i gceist san fhocal atá faoi réir ag ainmfhocal eile. Agus is amhlaidh go mbíonn sé níos soiléire fós gur ainmfhocal agus ainm briathartha sa ghinideach atá i gceist seachas ainmfhocal agus aidiacht bhriathartha nuair a ghabhann cuspóir leis an ainm briathartha agus, dá réir sin, níl aon chall le hidirdhealú an Chaighdeáin Athbheithnithe sna cásanna sin ach go háirithe. Dá ainneoin sin, sa Chaighdeán Athbheithnithe, déantar riail nua an díchéimhithe a chur i bhfeidhm ar an ainm briathartha sa ghinideach a bhfuil cuspóir ag gabháil leis, díreach mar a dhéantar i gcás an ainm bhriathartha gan chuspóir.

Tar éis cur síos a dhéanamh ar na cásanna ina mbíonn foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh ag ainmfhocal a dtagann ainmfhocal cinnte sa ghinideach ina dhiaidh, deirtear sa Chaighdeán Oifigiúil:

Ach más ainm briathartha an chéad ainmfhocal déantar athrú an ghinidigh air i ndiaidh ainmfhocail, e.g., *fear cosanta na tíre, bean chasta na tuirne, fir bhualte an arbhair*, agus séimhítear é de réir na ngnáthrialacha.¹⁴⁵

Ós rud é nach mbeadh de bhrí le ‘bean chasta’ de réir na rialach nua sa Chaighdeán Athbheithnithe ach ‘bean atá casta’, is éard a thugtar mar eiseamláir le ‘bean’ sa leagan den mhír sin a fhaightear sa Chaighdeán Athbheithnithe ná ainm briathartha dar tús ‘f’ – ar consan tosaigh é sin nach gnách é a shéimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha¹⁴⁶ – agus déantar an clásal deiridh sin thuas, faoin séimhiú, a fhágáil ar lár, agus tugtar eiseamláirí eile ar fad, gan séimhiú:

¹⁴² ‘bhí sé ina shrathairt chodlata’, *he was sprawled asleep* (FGB).


¹⁴³ *spell of sleep* (FGB).

¹⁴⁴ *doze, nap* (FGB – cf. ‘tháinig támh chodlata uirthi’, *she dozed off*) – ‘an uair annamh a d’fhaigheadh sé támh chodlata, chomh luath is a thiocthadh suan air, thosaíodh sé ag troid lena naimhde’ (Tomás Ó Máille [Connachta], *An tIomaire Rua*, eagrán 2005).

¹⁴⁵ Alt 1 sa chaibidil dar teideal ‘Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh’ sa Chaighdeán Oifigiúil. Tabhair do d’aire, i dtaca le ‘bean chasta na tuirne’, gur focal firinsneach, sa 4ú Díochlaonadh, atá in ‘tuirne’ de réir an Fhoclóirín a ghabhann leis an gCaighdeán Oifigiúil féin, agus de réir Fhoclóir Uí Dhónaill agus Fhoclóir an Duinnínigh (s.v. ‘tuirne’) araon – dar le DIL, s.v. ‘túrna’, gur ón mBéarla *turn* don fhocal, nó ón bhFraincis *tourner*, b’fhéidir.

¹⁴⁶ Mar a aithnítear i riail eile sa Chaighdeán Athbheithnithe fiú, mar a fheicimid ar ball – díreofar ar an easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh i gCaibidlí 15-16 anseo thíos.

'Lámh
chosanta
a chine'



‘Ach, más ainm briathartha an chéad ainmfhocal, déantar athrú an ghinidigh air i ndiaidh ainmfhocail, e.g., *madra cosanta na monarchan, bean fuascailte na ceiste, beach cealgtha an pháiste, innill buailte an arbhair, seachtain bailithe na rátaí*.’¹⁴⁷

I dtaca leis an eiseamláir deiridh sin, ‘seachtain bailithe na rátaí’, is amhlaidh go bhfaightear ‘seachtain bhailithe na rátaí’ in eagrán na bliana 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*.¹⁴⁸ Tugtar na samplaí ‘bean chardála olla’ agus ‘fir mhúchta tinte’ in éineacht leis an sampla sin sa Ghraiméar sin. Agus ar na samplaí atá ar aon dul leosan i bhFoclóir Uí Dhónaill tá ‘lámh chosanta a chine’¹⁴⁹ agus ‘lámh chothaithe deibhleán Dé’,¹⁵⁰ maille le ‘Croch Chéasta Chríost’.¹⁵¹ Ar ndóigh, ach oiread le leithéidí ‘aimsir bheirthe na n-uan’ agus ‘aimsir choiscthe na n-uan’ in *An Béal Beo* le Tomás Ó Máille,¹⁵² ní gá an séimhiú a bhaint d’aon cheann de na hainmneacha briathartha sin sa ghinideach le nach measfaí le haidiachtaí briathartha iad.

Tá grúpa amháin ainmneacha briathartha ach go háirithe a léiríonn gur beag gá atá le hidirdhealú a dhéanamh idir foirm na haidiachta briathartha agus foirm an ghinidigh den ainm briathartha nuair a bhíonn cuspóir ag gabháil leis an ainm briathartha agus is iad sin na hainmneacha briathartha a mbíonn dhá fhoirm acu sa ghinideach, mar atá, foirm na haidiachta briathartha agus foirm de réir díochlaonta éigin de dhíochlaontaí na n-ainmfhocail. Is amhlaidh i gcás na n-ainmneacha briathartha sin, d’ainneoin an mhalairt sin ar fhoirm na haidiachta briathartha a bheith ann, gurb í foirm na haidiachta briathartha a úsáidtear nuair a bhíonn cuspóir ag gabháil leis an ainm briathartha – ‘lucht ólta poitín’ i gcomórtas le ‘boladh óil’, mar shampla. Is í an fhoirm chéanna sin, foirm na haidiachta briathartha, a úsáidtear, chomh maith, nuair is forainm a bhíonn mar chuspóir – mar shampla, ‘modh a úsáidte’ agus ‘fear a bhraite’ i gcomórtas le ‘easpa úsáide’ agus ‘lucht braith’.¹⁵³ Tá líon

¹⁴⁷ *An Caighdeán Athbheithnithe*, alt 3.2.1, lch 63 – ar ndóigh, bheadh séimhiú ar ‘cealgtha’ ar lorg ‘beach’, agus ar ‘buailte’ agus ‘bailithe’, thuas, de réir an Chaighdeáin Oifigiúil.

¹⁴⁸ Alt 4.19.

¹⁴⁹ *the protecting hand of his race* (FGB, s.v. ‘lámh’).

¹⁵⁰ *he who fed God’s poor* (FGB, s.v. ‘lámh’) – tá samplaí de ‘deidbléna Dé’ againn ón dara leath den 11ú haois (féach DIL, s.v. ‘deidblén’, atá bunaithe ar ‘dedbol’, ó *di-adbol [‘ábhal’ sa Nua-Ghaeilge]).

¹⁵¹ *the Cross of the Crucifixion* (FGB, s.v. ‘croch’).

¹⁵² Tomás Ó Máille, *An Béal Beo*, lch 71.

¹⁵³ Tá na samplaí sin thuas tógtha as an gCaighdeán Oifigiúil féin:

Is í foirm na haidiachta briathartha a úsáidtear, go hiondúil, nuair a bhíonn cuspóir ag gabháil leis an ainm briathartha, e.g., *fear buaite an rása, fear ceannaithe na mbeithíoch*,

mór ainmneacha briathartha i gceist sa ghrúpa seo ainmneacha briathartha, a roinntear sna trí fhoghrúpa seo a leanas sa Chaighdeán Oifigiúil:

(a) ainmneacha briathartha frinscneacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan agus a gcaolaítear a gconsan deiridh sa ghinideach uatha, mar a dhéantar le hainmfhocail den Chéad Díochlaonadh–

e.g., *áireamh, airleacan, áiteamh, brath, ceangal, ceannach, clúdach, cnuasach, cogar, coisreacan, comhaireamh, combrac, cosc, cuardach, cuimhneamh, cúiteamh, cumasc, cumhdach, dealramh, dearmad, diúl, éileamh, eiteach, fiach, foighneamh, freastal, fuadach, gearán, iomlasc, iompar, lámhach, leagan, leigheas, ligean, lot, ól, réiteach, ríomh, rómhar, sásamh, scor, siúl, smaoineamh, soláthar, stad, taibhreamh, taifeach, táinseamh, taisteal, taitneamh, tál, teagasc, teilgean, tionól, tionlacan, tionscnamh, tobhach, tochas, tochras, toirmeasc, tomhas, tuilleamh;*

(b) beagán ainmneacha briathartha baininscneacha a mbíonn ginideach ar -e acu, ar nós ainmfhocal den Dara Díochlaonadh–

e.g., *aithris (cóir aithrise), breith (lá breithe), insint (an sórt insinte), léim (ag caitheamh léime), titim (fonn titime), úsáid (easpa úsáide);*

(c) ainmneacha briathartha baininscneacha a chríochnaíonn ar -chan, agus roinnt ainmneacha briathartha eile, a mbíonn ginideach ar -a acu, ar nós ainmfhocal den Tríú Díochlaonadh–

e.g., *beochan (deoch bheochana) agus crith, foghlaim, íoc, reic, rith, seinm, slad, snámh, sníomh, tairiscint, tál, trácht, triall, troid, tuiscint.*¹⁵⁴

D’ainneoin malairt foirme a bheith ar fáil i gcás na mbriathra sin thuas le nach mbeadh foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha ar aon dul le foirm na

fear inste scéil, lucht ólta poitín, tar éis a iompartha, modh a úsáidte, fear a bhraite, lá íoctha na rátaí.

Is í an fhoirm eile is gnáth a úsáid nuair is feidhm ainmfhocail nó feidhm aidiachta a bhíonn leis an ainm briathartha, e.g., *crios ceangail, pota cnuasaigh, uisce coisreacain, ceann comhairimh, céile combraic, solas cuardaigh, airgead cúitimh, gamhain diúil, fear an éilimh, gadhar fiaigh, fear freastail, cúis ghearáin, gléas iompair, gunna lámhaigh, cú loirg, deoch leighis, rian loit, boladh óil, fear réitigh, píce rómhair, bean siúil, culaith snámha, bolg an tsoláthair, lucht taistil, leabhar teagaisc, láthair tionóil, ag cur teilgin, cuaille tochais, slat tomhais, lucht tuillimh; cóir aithrise, áit bhreithe, lucht gairme, easpa úsáide; lucht braith, galar creatha, both díola, aos foghlama, fear an íoca, stalla reaca, ligean reatha, lucht seanma, fearsaid sníomha, múinteoir taistil, babhta troda, brú tráchta, lucht trialla.*

(Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil, 1998 [an naoú cló], lch 78).

Tabhair do d’aire gur ‘fear bratha’ a bhí in eagrán 1958 den Chaighdeán Oifigiúil, murab ionann agus ‘lucht braith’ thuas.

¹⁵⁴ *An Caighdeán Oifigiúil*, 1958, lch 77-8 – tá ‘druidim’, nach n-athraítear sa ghinideach, curtha le foghrúpa (c), chomh maith.

haidiachta briathartha,¹⁵⁵ fós féin is í foirm na haidiachta briathartha a úsáidtear, ‘go hiondúil’,¹⁵⁶ nuair a bhíonn cuspóir ag gabháil leis an ainm briathartha. Níor braitheadh aon ghá, mar sin, leis an idirdhealú a dhéanamh atá leagtha síos sa Chaighdeán Athbheithithe i gcás cuspóir a bheith ag gabháil leis an ainm briathartha ach go háirithe.

¹⁵⁵ Díol spéise sa chomhthéacs seo é cás Nua-Ghaeilge na hAlban, ina mbíonn an foirceann ‘-(a)idh’ ag ainmneacha briathartha dar críoch ‘-adh’, in ionad an fhoircinn ‘-tha’/‘-the’ nó ‘-ta’/‘-te’ a bhíodh acu, agus atá ag na hainmneacha briathartha sin i nGaeilge na hÉireann i gcónaí – féach an nóta seo a leanas in William J. Watson, *Bàrdachd Ghàidhlig – Specimens of Gaelic Poetry 1550-1900* (an dara heagrán, Glaschú 1932), lch 387:

In modern Scottish Gaelic the genitive of verbal nouns in -adh ends regularly in -(a)idh, e.g., marbhadh, gen. marbhaidh; briseadh, gen. brisidh. In older Gaelic, and still to a large extent in Irish, these genitives ended in -tha, -the; or when the nature of the preceding consonant prevented aspiration, in -ta, -te. Examples: –

1. *Stems with broad vowel –*

	Noun	Ir. Gen.	Sc. G. Gen.
bacaim, <i>I hinder</i>	bacadh	bactha	bacaidh
cumaim, <i>I shape</i>	cumadh	cumtha	cumaidh
líomhaim, <i>I polish</i>	líomhadh	líomhtha	líomhaidh

2. *Stems with slender vowel –*

básuighim, <i>I slay</i>	básughadh	básuighthe	básachaidh
sáruighim, <i>I harass</i>	sárughadh	sáruighthe	sárachaidh

3. *Stems (broad and slender), which end in a consonant which prevents aspiration –*

báidhim, <i>I drown</i>	bádhadh	báidhte	báthaidh
sáithim, <i>I thrust</i>	sáthadh	sáiththe	sáthaidh
molaim, <i>I praise</i>	moladh	molta	molaidh
líonaim, <i>I fill</i>	líonadh	líonta	líonaidh
céasaim, <i>I torture</i>	céasadh	céasta	ceusaidh

Modern Scottish Gaelic literature has little trace of the older genitive forms illustrated in (1) and (2). Instances of (3) are not uncommon, and are to be distinguished in meaning from the passive participle, which is identical in form; e.g., la reòdhta or reòta is “a day of freezing” (reodhadh); tha an loch reòdhta or reòta, is “the loch is frozen”.

The genitive of the verbal noun has often the force of an English relative clause. Fear rannsachaidh is “a man who examines”; Fear rannsachaidh nan sgoil is “a man who examines the schools”, “an Inspector of Schools”.

Faighimid an sampla seo a leanas den ghinideach séimhithe den ainm briathartha agus é ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha i ndán le hIain MacGhillEathain (1787-1848): ‘Gach naidheachd mheallta ’ga toirt g’ ur n-ionnsaigh-se / Feuch an sanntaich sibh dol ’nan déidh’ (*They’ll fill your ears with every lying rumour / to make you follow them where they will*) (Roderick Watson, ead. *The Poetry of Scotland – Gaelic, Scots and English 1380-1980*, Dún Éideann, 1995, lch 468-9); tá ‘naidheachd mheallta’, chomh maith le ‘fios meallaidh’, ar *misinformation* in *Dictionarium Scoto-Celticum*, Iml. 2, le Ewen Maclachlan, Dún Éideann, 1828).

¹⁵⁶ De réir an Chaighdeáin Oifigiúil féin, mar a chonaiceamar i bhfonóta 153 thuas.

Labhairt agus scríobh na Gaeilge

Ag filleadh dúinn ar an ainm briathartha i gcoitinne, ar ndóigh níl leithéidí na samplaí a tugadh sa chaibidil tosaigh den ainm briathartha faoi shéimhiú agus é ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha teoranta do scríobh na Gaeilge. In *Gaeilge Chois Fhairrge – An Deilbhíocht* tugann Tomás de Bhaldraithe ‘cleith sháite’¹ agus ‘oighear chuimealta’,² ‘gaoth thollta’ agus ‘gaoth cháite’,³ mar aon le ‘deis mharbhtha’.⁴ Is díol spéise i gcomhthéacs na n-eiseamláirí sa chaibidil tosaigh as an gCaighdeán Athbhreithnithe iad na foirmeacha ‘deis choisint’ agus ‘áit chaomhúint’,⁵ is é sin, go séimhítear an dá ainm bhriathartha ach ní infhilltear iad. Corruair, fiú, séimhítear ainm briathartha sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal firinscneach uatha, nuair atá cuspóir ag an ainm briathartha – leithéidí ‘fear dheasú cnámha’ agus ‘fear dhéanta na mbréag’.⁶



Ag fanacht i gContae na Gaillimhe dúinn, in *The Irish of Iorras Aithneach* tugann Brian Ó Curnáin na samplaí seo a leanas den ainm briathartha ar lorg ainm-

- 1 Tomás de Bhaldraithe, *Gaeilge Chois Fhairrge – An Deilbhíocht* (1953), lch 58, alt 136 – tugtar *punt poll* ar ‘cleith sháite’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, s.v. ‘cleith’.
- 2 Tomás de Bhaldraithe, *op. cit.*, lch 58, alt 136 (is *file* atá ar ‘oighear chuimealta’ i gclár na bhfocal a ghabhann leis an saothar [lch 365]). Faoi mar a cuireadh in iúl i bhfonóta 125 i gCaibidil 1, cuireann Tomás de Bhaldraithe ‘craíte’, ‘glanta’, ‘céasta’ agus ‘seasta’ i láthair mar shamplaí den ghinideach den ainm briathartha, á úsáid mar aidiacht, in ‘sgreadach chráite’, ‘cuma ghlanta’, ‘beatha chéasta’ agus ‘móin sheasta’, san alt céanna sin 136, chomh maith.
- 3 *Ibid.*, lch 61 – tugann sé ‘greasáil bhualte’ ar lch 60 (tugtar *beating, drubbing, trouncing* ar ‘greasáil’ in FGB).
- 4 *Ibid.*, lch 63. Tugann sé ‘deis marú’, chomh maith, mar aon le ‘deis briste’ – tá siadsan tugtha mar ‘[l]eaganacha inar cloiseadh ainm éiginnte sa nginideach agus gan séimhiú air’ (lch 263-4, alt 497). Tugann sé ‘cuma socrú’ agus ‘cuma sailleadh’ san alt sin, chomh maith, ach, ar an láimh eile, tugann sé ‘cuma ghlanadh’ agus ‘cuma shníomh’.
- 5 *Ibid.*, lch 63 – tá ‘áis caomhnaithe’ agus ‘caisleáin cosanta’ ar eiseamláirí an Chaighdeáin Athbhreithnithe.
- 6 *Ibid.*, lch 265. Deir Tomás de Bhaldraithe go séimhítear ainm briathartha den sórt sin i gcónaí sna leaganacha seargtha seo a leanas: ‘lá chasgartha an tsneachta’, ‘lá chrosta na bliadhna’ agus ‘bás chodlata na hoidhche’. Táim faoi chomaoin ag Breandán ‘ac Gearailt, Márthain, Corca Dhuibhne, a thug an sampla seo a leanas den séimhiú céanna sin as Corca Dhuibhne dom: ‘fear ghlanta na sráide’ (ríomhphost ón nGearaltach ar an 26 Lúnasa 2012).

fhocail bhaininscnigh uatha: ‘leis an artha mharáithe’, ‘corr chasta’, ‘cleith sháite’, ‘an chroich chéasta’, ‘cultha [culaidh] chruibeáilte’, ‘tonn bháite’ agus ‘an tuile bháite’.⁷

Ag bogadh go Tír Chonaill dúinn, in *A Grammar of Ros Goill Irish* deir Leslie W. Lucas go mbíonn séimhiú ar an ainm briathartha i ndiaidh ‘cloch’, ‘maidin’, ‘óiche’, ‘scian’ agus ‘tinidh’, de ghnáth, agus i ndiaidh ainmfhocal baininsneach eile ó thráth go chéile.⁸ Ar na samplaí a thugann sé tá ‘cloch cheangailt’,⁹ ‘maidin bhaint / baint’,¹⁰ ‘scian ghearradh’¹¹ agus ‘tinidh dhóú’.¹² Faightear samplaí i Ros Goill, chomh maith, den séimhiú ar an ainm briathartha san ainmneach in ionad an ghinidigh agus cuspóir aige – ‘am ghearradh an choirce’¹³ agus ‘am bhaint na bpréataí’.¹⁴

Ag dul ó dheas dúinn, in *Gaeilge Chorca Dhuibhne* deir Diarmuid Ó Sé gur mar a chéile don ainm briathartha ó thaobh an tséimhithe de agus an t-ainmfhocal i gcoitinne nuair a bhíonn an t-ainm briathartha ag feidhmiú mar ainmfhocal.¹⁵

⁷ Brian Ó Curnáin, *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, Iml. III, lch 1747 (litriú stairiúil, nach litriú canúnach, ar ‘culaith’ atá tugtha aige idir lúibíní thuas [i.e. in ‘culaidh’]; áiríonn sé ‘cruibeáilte’ mar ghinideach uatha de ‘cruibeáil’, ‘*cribbing*’, san innéacs a ghabhann leis an tsraith leabhar sin aige [*op. cit.*, Iml. iv, lch 2448]). I dteannta na samplaí sin thuas, tugann an Curnánach an sampla seo a leanas den séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha ar lch 1755: ‘bhain cailleach mharbh [*recte* mharú] na gcéadta díom’. Go fiú i gcás gníomhaí fhirinscnigh déantar an t-ainm briathartha a shéimhiú, mar a chonaiceamar thuas i gcás Chois Fharráige, chomh maith: ‘fear mharú na gcéadta’, ‘triúr fear dhéanta seoil’, ‘fear dheasú éanacha’ agus ‘fear dheasuighthe arm’ (*ibid.*, lch 1755). Ar an lámh eile tugann an Curnánach ‘aimsir baint choirce’, ‘aimsir freagartha’, ‘na beithí, áit, áit, ceangailte dhóib’, ‘áit coisinte dho na beithí’ agus ‘áit cúnaí’ (*ibid.*, lch 1746). Tugann sé ‘is olc an aimsir baint fhataí í’, chomh maith, ar lch 1756 agus deir [*n*]onlenition is regular when the head noun is not the actor of the verbal noun – eisceacht atá sa séimhiú in ‘lá ch(r)ascartha an tsneachta’ (*ibid.*, lch 1756).

⁸ ‘usually after cloch, maidin, óiche, scian, tinidh, and occasionally other feminine nouns’, Leslie W. Lucas, *A Grammar of Ros Goill Irish* (1979), lch 15, alt 34(d).

⁹ Is i scríbhinn foghraíochta a thugann Leslie W. Lucas na samplaí agus tugtar a mbrí sa Bhéarla le gach ceann acu i ndiaidh an tsampla féin – cuirtear an leagan Béarla sin ar fáil sna fonótaí seo a leanas; a *tying stone* atá ar ‘cloch cheangailt’ (*ibid.*, lch 15).

¹⁰ a *morning of digging* (*ibid.*, lch 15).

¹¹ a *cutting knife* (*ibid.*, lch 15).

¹² a *burning fire* (*ibid.*, lch 15). Ar na samplaí eile d’ainmneacha briathartha séimhithe a thugann sé tá ‘óiche gháiri’ (a *night of laughing*), ‘bróg damhsa / dhamhsa’ (a *dancing shoe*) agus ‘bliain foghlaim / fhoghlaím’ (a *year of learning*) (*ibid.*, lch 15).

¹³ the *time of the cutting of the corn* (*ibid.*, lch 15, alt 34(e)).

¹⁴ the *time of the potato digging* (*ibid.*, lch 15) – is minicí, áfach, an séimhiú a bheith fágtha ar lár: m.sh. ‘am baint na móna’ (the *time of the turf-cutting*) agus ‘obair blí na mba’ (the *work of milking the cows*) (*ibid.*, lch 15).

¹⁵ ‘Nuair a bhíonn an t-ainm briathartha ag feidhmiú mar ainm séimhítear é de réir na rialacha

Scríbhinní liteartha agus eile

Ag díriú dúinn ar shamplaí de ‘cosaint’ faoi shéimhiú sa ghinideach i saothair liteartha agus eile i gcaitheamh na mblianta, faighimid an ceanteideal ‘Obair Chosanta na Gaeluinne’ in *Mo Scéal Féin* leis an Athair Peadar.¹⁶ Ar na samplaí de ‘cosanta’ atá ar ‘Nua-Chorpas na hÉireann’¹⁷ as saothair le húdar as Corca Dhuibhne a cailleadh os cionn bliana ó shin, Maidhc Dainín Ó Sé, tá ‘ag bailiú airgid chosanta’,¹⁸ ‘ag íoc an táille chosanta’¹⁹ agus ‘an raicid chosanta’²⁰ as saothar amháin leis, a foilsíodh sa bhliain 1997,²¹ agus ‘a fhoireann chosanta’²² as saothar eile leis, a foilsíodh sa bhliain 1993.²³ Faightear ‘falaing chosanta na dtraonaí’ i saothar lena chomhúdar Duibhneach Pádraig Ó Cíobháin.²⁴ Agus i ndán le Bríd Ní Mhóráin as Uíbh Ráthach faighimid ‘sciath chosanta an chine’.²⁵



Máidhc Dainín Ó Sé

[in alt] 82 et seq. thuas’, Diarmuid Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, lch 64, alt 103.

- 16 An Athair Peadar Ua Laoghaire, *Mo Sgéal Féin* (BÁC 1915), lch. 211. Sampla maith ón údar céanna d’ainm briathartha eile faoi shéimhiú sa ghinideach agus é ar aon fhoirm leis an aidiach bhriathartha is ea ‘geallúint phósta’ in *Séadna* (BÁC 1904, lch 129): ‘níor thrácht sé léi ar cheangal ná ar gheallamhaint phósta’. Tugann an Duinníneach ‘cóir phósta’, *matrimonial arrangements* (maille le ‘cóir mholta’, *due praise*), s.v. ‘cóir’.
- 17 Is é sin, an corpas a cruthaíodh mar chuid de thionscadal an Fhoclóra Nua Gaeilge-Béarla i bhForas na Gaeilge, www.foclóir.ie; mar a chonaicamar thuas, tugtar ‘caisleáin cosanta’ ar eiseamláirí dhíshéimhiú an ainm bhriathartha sa Chaighdeán Athbhreithnithe.
- 18 ‘Cuireadh ag bailiú airgid chosanta do chomhlacht Champabasso é ar dtúis’.
- 19 ‘Dhún fiche gnó im limistéirse le bliain agus d’oscail fiche gnó eile ins na foirgnimh chéanna.... Níl ach cúig cinn déag acu san ag íoc an táille chosanta’.
- 20 ‘Bheadh fadhb bheag againn leo sa chuma is ná seasódh an fhianaise atá againn faoi láthair ina gcoinnibh i gcúirt dlí.... Cuir i gcás Bob Rolder a cheannaíonn drugaí ... Reno Rossi leis an raicid chosanta, agus araile’
- 21 *Greenhorn*.
- 22 ‘Tugadh suas é go dtí cathaoir in aice a fhoireann chosanta’.
- 23 *Dochtúir na bPiast*. Tugtar samplaí atá le fáil sa Nua-Chorpas thuasluaite as saothair le Maidhc Dainín Ó Sé, agus le scríbhneoirí sonracha eile as na Gaeltachtaí éagsúla, tríd an staidéar ar fad.
- 24 ‘Na móinéir á gcosaint ar bha chun go bhfásfadh féar iontu, foráiste an gheimhridh, falaing chosanta na dtraonaí a chuirfeadh draíocht ar chroíthe mná óga stróinséartha, oícheanta ceoigh ag filladh abhaile ó chuideachta na hoíche amuigh’ (*An Gealas i lár na Léithe*, 1992). Tugtar samplaí as saothair phróis leis an gCíobhánach tríd an staidéar go léir.
- 25 ‘Ó scaip ceannairí an t-éitheach smiotadar eithne na céille, sciath chosanta an chine ’fhanann mar uain bhalbha leis an sceanairt dheireanach’ (*Ceiliúradh Cré*, 1992). Faighimid



Tugann Colm Ó Ceallaigh as Conamara ‘bean chosanta bhéal an chuain’²⁶ ar Dhealbh na Saoirse i Meiriceá, ina shaothar *Deoir Ghoirt an Deoraí* ón mbliain 1993, agus faighimid ‘líne chosanta’²⁷ i saothar eile leis ón mbliain 1995. Ag cur síos dó ar roinnt fireannach in *Sna Fir* (1999), scríobh Micheál Ó Conghaile go raibh ‘bosa a lámh tugtha le chéile acu ina gcupáin chosanta os comhair a gcuid magairlí’ agus, áit eile sa leabhar céanna, scríobh sé gurbh ‘fhál maith i gcoinne aon tinneas a raibh de tháibléid chosanta is mhoillithe anois ann’.

Ag dul ó thuaidh dúinn, in *Toraigh na dTonn* (1971), leis an Ath. Eoghan Ó Colm, tagraítear do ‘treoir chosanta’²⁸ agus ‘cóir chosanta’,²⁹ agus faighimid ‘ortha chosanta’³⁰ i ndán le Cathal Ó Searcaigh agus ‘sciath chosanta’ i gceann de ghearrscéalta Mháire (Séamus Ó Grianna).³¹

Scríbhinní Gaeilge ón am atá caite

Is féidir linn leanúint orainn siar na céadta bliain le samplaí as scríbhinní liteartha agus eile den ghinideach de ‘cosaint’ agus é faoi shéimhiú, murab ionann agus eiseamláir an Chaighdeáin Athbhreithnithe. I gcás ‘cóir chosanta’ thuas,

séimhiú ar an ainm briathartha a bhfuil cuspóir á leanúint agus an t-ainm briathartha faoi réir ag ainmfhocal firinsneach i dteideal an amhráin ‘Cailín Deas Chrúite na mBó’ in Uíbh Ráthach in *Leabhar Sheáin Í Chonaill* (eag. Séamus Ó Duilearga, BÁC 1948), lch 378, líne 14 – féach, chomh maith, lch 381, líne 22: ‘d’fhear dhéanta na mbróg’.

- ²⁶ ‘Amach linn ar cuairt chuig bean chosanta bhéal an chuain – an bhean a d’oscail a lámha is a croí do gach uile dhuine a sheol isteach an cuan riamh – an *Statue of Liberty*.’
- ²⁷ ‘Arís bhí líne chosanta ar chuile thaobh díobh ag na fir troda’ (*Bridín an Dilleachta*, 1995). Tugtar samplaí as saothair iomadúla Choilm Uí Cheallaigh – as Camas ó dhúchas ach a bhfuil cónaí air i Leitir Mealláin, mar ar chaith sé na blianta ina mhúinteoir scoile – tríd an staidéar ar fad.
- ²⁸ ‘Creidim gurbh é an plean in am baoil ná an bia a stóráil sa Dún; na beithígh a thiomáint isteach ar an rinn agus treoir chosanta a chur ar na claíocha.’
- ²⁹ ‘Ní raibh cóir chosanta riachtanach ar oiread pingine de amach ón mhuineál caol atá á cheangal den Oileán, agus anseo tá lorg ceithre sheandíog agus claíocha le feiceáil go fóill.’
- ³⁰ ‘Chuala mé a dheisbhéalacht shoineanta / a saoradh as teanga lucht feasa; / is bhí gach siolla ina ortha chosanta / ar na béimeanna súl a ba mheasa’ (‘Cathair’, as an mbailiúchán *Miontragóid Chathrach* [1975], in *Ag Tnúth leis an tSolais, 1975 – 2000* [Conamara, 2000], lch 33, líne 4 ar lean.).
- ³¹ ‘Go dtí sa deireadh gur samhldh dó gur cheart dó a bheith ina sciath chosanta ag bean ar bith a measfadh sé go rabhtas ag déanamh éagóra uirthi’ (Séamus Ó Grianna, *Cora Cinniúna* [imleabhar de ghearrscéalta Mháire a d’fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1993]).

faighimid an t-aonad céanna sin i scéal staire ón mbliain 1925,³² mar shampla, agus faighimid sampla de ‘sciath chosanta’ ón mbliain 1908 i ndrÁma atÁ suite in iar-Chairbre.³³

Ag dul siar go dtí an naoú haois déag, i seanmóir a scríobhadh i litriú foghraíochta i nDún na nGall, thart ar lár na haoise sin, faightear an sampla seo a leanas den ghinideach séimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra: ‘nach er ág mishe irm chosanta egid ’na naigh?’ (i.e. ‘nár fhág mise airm chosanta agat ina n-aghaidh?’)³⁴ Agus i ndán ó Dhún na nGall, den seánra ‘trí rainn agus amhrán’, ó thús na naoú haoise déag, faighimid an sampla seo a leanas den ghinideach séimhithe den ainm briathartha lena ngabhann cuspóir: ‘Goll nó Oscar, fir chosanta Chríche Fáil’.³⁵

Tá sampla de ‘sciath chosanta’ againn ó dhán a chum Dáibhí Ua Bruadair thart ar an mbliain 1666.³⁶ Faighimid ‘Mír chosanta críche Laighean’³⁷ i gcrosántacht ón gcéad cheathrú den 17ú haois agus in *Annála na gCeithre Máistrí*, a cuireadh i dtoll a chéile sa 17ú haois, chomh maith, faighimid ‘rinn chosanta ᵱ chalmachta an chóiccidh’.³⁸

³² ‘Ní raibh cóir chosanta ar bith aca, acht sgiath a bhí ar a chiotóig ag gach aon fhear’ (Eoghan Ó Neachtain, *Stair-Cheachta* 1, 1925, lch 36).

³³ ‘Tá cáil a ndeagh-ghníomhartha mar sgiath chosanta ortha súd’ (Pádraig Ó Séaghdha, *Mac Cárthaigh Mór*, BÁC 1908, lch 5) – cf. ‘I n-ionad iad do bheith ’n-a sgiath chosanta agus ’n-a gcrann bagair annso i nÉirinn againn’ (Pádraig Ó Siocfhradha [An Seabhac], *Cath Fionntrágha*, BÁC 1925, lch 65).

³⁴ ‘Lámhscríbhinn Chaillte? Seanmóir ar an Bhreithiúnas Dheireanach, leis an Athair Hugh McFadden, Cloch Cheann Fhaola’, eag. Joe Ó Labhraí, in *Taighde agus Teagasc*, Iml. 1 (2001), lch 62, alt 41 – is é eagarthóir na seanmóra a rinne an leagan caighdeánaithe a thugtar thuas; seo a leanas an abairt iomlán arna caighdeánú aige: ‘Má bhí droch-chlaonta agus cathuithe móra ag tóraíocht ort, nár fhág mise airm chosanta agat ina n-aghaidh?’ Díreofar i gCaibidil 6 den staidéar seo ar an nginideach séimhithe den ainm briathartha ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra.

³⁵ *Trí Rainn agus Amhrán*, eag. Cathair Ó Dochartaigh agus Colm Ó Baoill (Béal Feirste 1996), lch 106 – is san ‘amhrán’ a fhaightear an líne a thugtar thuas. Gabhann an dáta 1828 leis an dán áirithe seo ar lch 122, ach faighimid an nóta seo a leanas ar lch 119 faoi na dátaí a thugtar leis na dánta i gcoitinne: ‘Cé go bhfuil corrdhán ann a bhfuil dáta cruinn againn dó, níl de ghnáth i ndáta sa liosta seo ach dáta ar cumadh dán *roimhne*: dáta na lámhscríbhinne is sine uaireanta, nó dáta báis an fhile uaireanta eile’. Ní heol do na heagarthóirí cé a chum an dán seo, áfach.

³⁶ ‘mar scéith chosanta ar éigíon orchra’, *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruidair*, Cuid 1, eag. an tUrr. John C. Mac Erlean CÍ, Londain 1910, ITS Iml. XI, lch 196, líne 17 – aistríonn an t-eagarthóir an líne, ar an gcéad leathanach eile, mar a leanas: *As a shield of protection ’gainst violent tyranny*.

³⁷ Seán Mac Airt, eag. *Leabhar Branach* (BÁC 1944), lch 217, dán 58, rann 30, ll. 5654-5: ‘Mír chosanta críche Laighean / laoch a bhfeithmhe’ – as dán le Domhnall Carrach Mac Eochaidh, ar dán é a scríobhadh roimh an mbliain 1630.

³⁸ *Annála Ríoghachta Éireann*, Iml. IV (BÁC 1856), eag. John O’Donovan, lch 862, líne

I ndánta díreacha ón 16ú haois faightear an dá shampla seo a leanas den ghinideach séimhithe ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha agus cuspóir á leanúint: ‘Lámh chosanta muighe Mhumhan’³⁹ agus ‘Dul i seilbh chosanta a chruidh / ar éigsibh Innse Cobhthaigh’.⁴⁰ Agus i ndánta díreacha eile faightear ‘beithir chosanta an chomhluinn’⁴¹ agus ‘sgiath chosanta cathbhearna’.⁴²

An Céitinneach

Tharla próis-scríbhneoireacht na Gaeilge a bheith in airde láin sa seachtú haois déag, féachaimis ar shamplaí den ainm briathartha arna shéimhiú i saothar amháin ón aois sin, is é sin, *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis*, le Séathrún Céitinn. Faightear tagairtí sa saothar sin ón mbliain 1631 do ‘cathair chomhnuighthe’⁴³ (is é sin, ‘cathair chónaithe’) agus tagraítear ann, chomh maith, do ‘dá ghné chaointe’.⁴⁴ Faighimid an dá shampla seo a leanas ann den ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach agus cuspóir á leanúint: ‘aimsear ghreamuighthe na beatha síordhaidhe’⁴⁵ (mar leagan Gaeilge de *tempus acquirendi vitam aeternam*) agus ‘slat shaothruighthe na soighníomh’⁴⁶ (a aistríodh go Francis mar *la bag-*

18 – iontráil don bhliain 1424 atá i gceist, ar bhás ‘Maolmuire macSuibhne Consapal tíre Conaill’. Aistríonn an t-eagarthóir an sliocht thuas, ar an gcéad leathanach eile, mar a leanas: *weapon of the protection and bravery of the province*.

- ³⁹ James Carney, eag. *Poems on the Butlers – of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400-1650)* (BÁC 1945), lch 7, ll 137 (dán 1, rann 35).
- ⁴⁰ Osborn Bergin, eag. *Irish Bardic Poetry*, BÁC 1970, lch 87, dán 19, rann 17 – dán le Lochlainn Óg Ó Dálaigh, file as an gClár a bhí i mbarr a réime i lár an 16ú haois, atá ann. Aistríonn an t-eagarthóir an dá líne mar a leanas (ar lch 252): *To undertake to defend his wealth against the poets of Cobhthach’s Isle*.
- ⁴¹ Damian McManus agus Eoghan Ó Raghallaigh, *A Bardic Miscellany* (BÁC 2010), lch 67, dán 62, rann 14, líne b (‘Onchú áithiosach gach fuinn / beithir chosanta an chomhluinn’) – mar a tharlaíonn, faightear ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach agus cuspóir ag gabháil leis sa chéad líne den dán seo: ‘Bean chaite ceardcha an ghaisgidh’. Dán le Muireis Óg Ó Geráin atá ann.
- ⁴² *Ibid.*, lch 94, dán 85, rann 8, líne b (‘Fraoch leomhain laithe feadhma / sgiath chosanta cathbhearna’).
- ⁴³ Féach Osborn Bergin, eag. *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* (BÁC 1931 [1992]), líne 2750, mar shampla: ‘ní fhuil cathair chomhnuighthe ann so againn ...’ (*non habemus hic civitatem permanentem*). Gabhann an ghluais ‘flaitheas Dé’ leis an téarma seo roinnt línte roimhe sin, agus is mar *abiding city* a aistríonn an tAimhirgíneach é sa ghluais a ghabhann lena eagrán den téacs. Aistríonn John Armstrong ‘dá chathraigh chomhnuighthe féin’ (líne 2741) mar *to his own city of residence* (in *The Syntax of the Verbal Noun in Modern Irish Prose, 1600-1650* [tráchtas neamhfhoilsithe dochtúireachta, Ollscoil Harvard 1977], lch 23).
- ⁴⁴ ‘go bhfuilid dá ghné chaointe ann, mar atá caoineadh measardha 7 caoineadh neimh-measardha’ (*ibid.*, líne 5812-3).
- ⁴⁵ Osborn Bergin, *op. cit.*, lch 217, líne 6891 ar lean. Aistríonn an tAimhirgíneach ‘greamughadh’ mar *act of seizing, grasping, obtaining*.
- ⁴⁶ *Ibid.*, lch 61, líne 1877 ar lean. Aistrítear ‘saothruighthe’ mar *act of labouring at, performing*

uette à stimuler la vertu).⁴⁷ Ina dteanntasan, faightear an dá shampla seo a leanas ann den séimhiú ar an ainm briathartha ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol: ‘a n-airm dhiubhraighthe’⁴⁸ agus ‘airm dhiobhraicthe an aidhbhirseóra’.⁴⁹

‘Céasta’

Is féidir linn an ginideach séimhithe de ‘céasadh’ a rianú níos sia siar fós i scríbhinní Gaeilge ná mar a rianaíodh an ginideach séimhithe de ‘cosaint’ thuas. Ag tosú dúinn san aois seo caite, tagraíonn an Cadhnach, mar shampla, don ‘Croch Chéasta’⁵⁰ agus, ag cloí dúinn le Connachta, tugann Tomás Ó Máille an sean-rá ‘d’ólfadh sé an chroich chéasta den asal’ dúinn.⁵¹ Is ‘crois chéasta’ atá ag Joe Steve Ó Neachtain,⁵² agus is é a deir carachtar amháin i saothar le Cóil Learaí Ó Finneadha ná ‘d’ólfadh tú an chrois chéasta’.⁵³

Faighimid ‘an Aoine Chéasta úd’ i saothar amháin le Micheál Ó Conghaile⁵⁴ agus ‘ón Aoine Chéasta



‘an chrois chéasta’

sa Ghluais a ghabhann leis an téacs.

- 47 Jean Gagnepain, *La Syntaxe du Nom Verbal dans les Langues Celtiques 1. Irlandais* (Páras 1963), lch 247.
- 48 Osborn Bergin, *op. cit.*, lch 181, líne 5747 ar lean. Aistríonn an tAimhirgíneach ‘diubhragadh’ mar *act of shooting, hurling*.
- 49 *Ibid.*, lch 332, líne 10776. Cosúil le ‘diubhragadh’, aistrítear ‘diobhragadh’ mar *act of shooting* sa ghluais a ghabhann leis an téacs.
- 50 ‘Dá bhríthin sin níor chuir an mháthair d’araoid orru, ach braon uisce coisricthe a chraitheadh timcheall na leapthan agus an Chroch Chéasta a chur uirre fhéin leis’ (*An Braon Broghach* [ó Nua-Chorpas na hÉireann, mar a bhfuarthas na chéad samplaí eile a thugtar ina dhiaidh seo, chomh maith]).
- 51 “‘Ghoidfeadh sé an chrois den asal’ a deirtear faoi dhuine bradach, nó “d’ólfadh sé an chroich chéasta den asal”, faoi dhuine a bhfuil tóir ar an ól aige’ (*An Béal Beo*).
- 52 ‘Tar éis é féin a dhaoradh, d’iompar sé a chrois chéasta go bun na haltóra’ (*Clochmhóin*, 1998).
- 53 ‘Bhí sé caite agat ar ragairne mar d’ólfadh tú an chrois chéasta’ (*Filíocht agus Feannadh*, 1999). Dar le L. Mc Cionnaith, *Foclóir Béarla agus Gaedhilge*, bíonn ‘an chros chéasta’ acu sa Mhumhain agus ‘an chrois chéasta’ i gConnachta – bíonn ‘an chroch chéasta’ i gConnachta agus in Ulaidh agus sa Mhumhain.
- 54 ‘An Aoine Chéasta úd ar tháinig sleaic ocrais ar a deirfiúr torrach agus ar scoilteadh a blaosc nuair a buaileadh faoin urlár í’ (*An Fear a Phléasc*, 1997).

dheireanach' i saothar eile leis.⁵⁵ Tagraíonn an Cadhnach do 'an charóg chéasta'⁵⁶ agus tagraíonn Joe Steve Ó Neachtain do 'pian chéasta',⁵⁷ leis an dá shampla dheireanacha as Connachta a thabhairt anseo.

Faighimid 'Croch Chéasta'⁵⁸ agus 'Croich Chéasta'⁵⁹ araon i scríbhinní éagsúla i gcanúint Dhun na nGall, chomh maith, mar aon le tagairt do 'obair chéasta'.⁶⁰

Ag díriú dúinn ar shaothair ó thosach na haoise seo caite, beag beann ar chanúint, féach 'do ghearr sé an chroch chéasta air féin' in úrscéilín ón mbliain 1901⁶¹ agus 'an fhaidh chéasta' i mbailiúchán de théarmaí gramadaí ón mbliain 1911.⁶² Ag dul siar dúinn go dtí an t-ochtú haois déag, faighimid 'Aoine Chéasta' mar cheannteideal ar rann i saothar véarsaíochta ar cumadh an chuid áirithe sin de uair éigin idir 1694 agus 1740.⁶³ I ndán de chuid na mBráthar Mionúr i lámhscríbhinn a scríobhadh thart faoin mbliain 1700 faighimid 'Goirid dóibh ina dhiaidh sin / nó go bhfacaidh rí an ríchidh / i ndealbh chéasta ar a cheann'.⁶⁴ Agus ó bhlianta tosaigh na seachtú haoise déag, i gcín lae Thaidhg Uí

⁵⁵ 'É nach mór bliain ó shin ón Aoine Chéasta dheireanach nuair a bhris mé amach i gceart as garraí gabhainn Cheathrú na gCloch gur thug m'aghaidh is mo dhóchas soir ar shaol aerach Bhleá Cliath is an tsaol mhóir ...' (*Sna Fir*, 1999).

⁵⁶ 'Sul ar fhéad duine ná deoruidhe ball na h-áite a thaobhachtáil, tháinic an charóg chéasta d'eiltreoi g aibéil' (*Idir Shúgradh is Dáiríre*).

⁵⁷ 'Le linn an chúpla meandar sin mhothaigh Caitlín Uí Dhubháin pian chéasta mar bheadh gob scine ag gearradh na ndualta beannaithe, mar bheadh an grá ag tál ina dheora amach as a croí agus an ghráin ag neadú ina leaba' (*Clochmhóin*).

⁵⁸ 'D'iarr sé leithead a bhrait agus le linn don bhrat leathnú agus é an Chroch Chéasta a ghearradh, thug sé glaineacht Dé chun an oileáin in ionad na nimhe agus na ndéithe agus na ngeasa a mhair ann go dtí sin' (Conall Ó Domhnaill, *Mairfidh na Filí má Mhaireann ár gCuimhne*, 1999).

⁵⁹ 'Leathbealaigh suas, tig leat scíste a ghlacadh ag áit a bhfuil Croich Chéasta mhór ard agus dealbh na Maighdine Muire ag amharc síos ar an bhaile bheag sa ghleann' (Nellie Nic Giolla Bhríde, *Mise agus na Maighigh – Taisteal fríd shléibhte agus ghleannta Ghuatamala*, 2003).

⁶⁰ 'Bhí ceann den ruaim ceangailte ar chrann cuilinn aige agus é ag obair go dithneasach á réiteach – obair chéasta, leoga' (Niall Johnny Shéamaisín Ó Dómhnaill, *Eadar Muir is Tír*, 1997).

⁶¹ 'Do bhain an sean-fhear a hata dhe & do ghearr sé an chroch chéasta air fein roimh fhreagra do thabhairt ar an gceist dó', Úna Ní Fhaircheallaigh, *Grádh & Crádh: Úirsgéilín* (BÁC 1901), lch 20.

⁶² 'Voice, n., (active or passive) faoidh, n. f. 2, g. faoidhe; the active v., an fhaidh ghníomhach; the passive v., an fhaidh chéasta', *Focla Gramadaighe – Irish Grammatical Terms* (BÁC 1911), lch 11.

⁶³ 'Aoine Chéasta' in 'Psaltair na Rann', rann 314, eag. Cuthbert Mhág Craith, in 'Brian Mac Giolla Phádraig', *Celtica* 4 (BÁC 1958), lch 177 – ba é Seán Ó Héidéin (fl. 1729-1740) 'an graifneoir'.

⁶⁴ Cuthbert Mhág Craith, eag. *Dán na mBráthar Mionúr*, Cuid I (BÁC 1967), lch 97, dán

Chianáin ar imeacht na nIarlaí, tagraítear do ‘rannchuid don chroich chésta’.⁶⁵

Faighimid go leor tagairtí don Chroich Chéasta agus do théarmaí gaolmhara eile a bhaineann le céasadh Chríost i bhfilíocht na mbard, ó thart ar an 13ú haois go dtí an 17ú haois. Má bhreathnaímid, mar shampla, ar na tagairtí sin a fhaightear in *Dioghluim Dána*, a chuir Láimhbheartach Mac Cionnaith CÍ i dtoll a chéile, ar na tagairtí atá ann don Chroich Chéasta tá ‘naomhchroch chéasda Mheic Mharia’,⁶⁶ ‘Creidim dula san chroich chéasta / duit ar son ar saortha’⁶⁷ agus ‘s do-ghéanta féine, a chroch chéasda, / roth gréine is éasga madh áil’.⁶⁸ Faighimid sampla ann, chomh maith, den ghinideach de ‘céasadh’ tar éis ‘leaba’: ‘Gan luagh ar a leabaidh chéasta, / gan chuimhne ar a chur i n-uaigh’.⁶⁹ An sampla deiridh anseo as an gnuasach sin ná sampla den ghinideach de ‘céasadh’ ar lorg an ghinidigh de ‘crann’: ‘I dtimcheall an chroinn chéasda ... / tig doighear gheal mar an ngréin’.⁷⁰

Ag dul siar dúinn i gcónaí, sa *Leabhar Breac*, lámhscríbhinn a cuireadh i dtoll a chéile sa bhliain 1411 nó roimhe sin, faighimid ‘ré in chorgais chesta’⁷¹ (i.e., ‘ré an Charghais chéasta’).

Agus, mar shampla scoir, is amhlaidh go bhfaightear ‘ciall chesta’ (i.e., ‘ciall

18, rann 29 – arna chóiriú ag Damian McManus agus Eoghan Ó Raghallaigh, *op. cit.*; deir an t-eagarthóir (Cuid II, BÁC 1980, lch 147) gur ‘leagan éigin, a raibh *céin* (< *cian*) ann, a bhí i líne *c* do *cheann*’; aistriúnn sé na línte sin mar *Shortly afterwards they saw the King of the royal palace, as one crucified, before him* (Cuid II, lch 44).

⁶⁵ ‘cros óir buí ag O Néill i n-a roipe rannchuid don chroich chésta’ (*A cross of gold which Ó Néill had, and which contained a portion of the Cross of the Crucifixion*), *The Flight of the Earls*, le Tadhg Ó Cianáin, eag. an tUrr. Paul Walsh (BÁC 1916), lch 10-11.

⁶⁶ Láimhbheartach Mac Cionnaith CÍ, eag. *Dioghluim Dána* (BÁC 1938), lch 162, dán 54, rann 5 – dar leis an eagarthóir go mb’fhéidir gur le Donnchadh Mór Ó Dálaigh an dán atá i gceist.

⁶⁷ *Ibid.*, lch 42, dán 14, rann 11.

⁶⁸ *Ibid.*, lch 10, dán 2, rann 12 – dán le Tadhg Mac Dáire Mac Bruaidheadha.

⁶⁹ *Ibid.*, lch 96, dán 31, rann 13 – dán le Fearghal Óg Mac an Bhaire; cf. ‘Do bhí fa chuing chéasta / Críosa measg na meirleach’, i ndán ón 17ú haois le Cathal Mac Muireadhaigh, eag. Angus Matheson, *Poems from a Manuscript of Cathal Mac Muireadhaigh*, *Éigse* 10, Cuid II (BÁC, Geimhreadh 1962-3), lch 275, rann 20 (tá an dá líne sin aistriithe mar a leanas ag an eagarthóir: *Christ was under the yoke of crucifixion amongst the thieves*).

⁷⁰ *Ibid.*, lch 176, dán 58, rann 35 – dar leis an eagarthóir go mb’fhéidir gur le Philip Bocht Ó hUiginn an dán seo; cf. ‘I dtús an Charghais chéasta, / a fhir le ndéantar comhól’ (Thomas F. O’Rahilly, eag. *Measgra Dánta*, Cuid I [Cló Ollscoile Chorcaí 1972 (1927)], lch 2, dán 1, rann 9).

⁷¹ Féach DIL, s.v. ‘césad’: *Attributive genitive singular* ‘fri ré in chorgais chesta’ – tagairt don sliocht seo a leanas a thugtar san fhoclóir: ‘Bíat na fir il-lepaid for leith, 7 na mna il-lepaid for leith, co ro-huain doib ernaithe do denum for ré in chorgais chesta’ (Robert Atkinson, *The Passions and Homilies from Leabhar Breac* [BÁC 1887], lch 180, ll. 4996 ar lean.).

chéasta’) sna gluaiseanna ar shaothar Priscian in *Coidéacs Sangallensis 904* ó lár na naoú haoise.⁷²

⁷² Féach Whitley Stokes agus John Strachan, *Thesaurus Palaeohibernicus*, Iml. II (BÁC 1987 [1903]), lch 154 (Sg. 142b 1): ‘ciall chesta indib 7 immognam gníma’ (*passive sense in them and active construction*); cf. Henry Lewis agus Holger Pedersen, *A Concise Comparative Celtic Grammar* (3ú heagrán, Göttingen 1974), lch 136: ‘*In Irish noun-forms which lenite a following adjective lenite also a following genitive in close connection with them. (a) This occurs in the Würzburg Glosses when both nouns practically form a compound or when the genitive has the value of an adjective: Old Irish ‘do immarchor chóre’ on an errand of peace Wb. 5a 5; ‘trebair chollno’ prudence of (the) flesh 3d 30; ‘ciall chesta’ passive sense Sg. 142b 1; cf. Sg. 140a 5, 148b 14, 178b 1, 194b 1 agus 208b 14 le haghaidh tuilleadh samplaí de ‘ciall chésta / chésto’*. In DIL, s.v. ‘césta’, tugtar ‘tré bhfuil an sáoghal céusda agum-sa’ (as *Gal. vi 14*) mar shampla de ‘césta’ mar rangabháil ‘césaid’, leis an mbrí *tortured, made to suffer, crucified* – ar an drochuair, ní áirítear an nod nó an giorrúchán sin *Gal* sna giorrúcháin a scaoiltear in DIL (ní áirítear ach trí shampla den cheannfhocal ‘césta’ san fhoclóir, agus tugtar an ceann sin thuas as *Gal* idir ‘do dhealbh chéusda, *Thy mangled form*’ [Aithdioghluim *Dána* 70.14] agus ‘i lámhaibh ar dTigherna chéusda’ [Rule of *St. Clare* 66^a]. Faoin ainm briathartha ‘césad’ in DIL tugtar tuilleadh samplaí de ‘césad’ mar théarma gramadaí (is é sin, agus ‘an fhaí chéasta’ mar bhrí leis) as na gluaiseanna ar shaothar Priscian (‘ciall chésta and dogres’ [*the sense of a passive is always in it*], Sg. 208b 14) agus as gluais a ghabhann le líne in iomann sa *Liber Hymnorum* (‘*ducatus a r[a]nngabail chesta’ [passive participle]*) (J. H. Bernard agus R. Atkinson, *The Irish Liber Hymnorum*, Londain 1898, Iml. I, lch 8, n. 28 [ón *Leabhar Breac* 238(b) a 38])).

Faighimid dhá shampla i nGluaiseanna Milano, ón gcéad leath den naoú haois, den ghinideach séimhithe d’ainm briathartha an bhriathair ‘ceta-bí’, i.e. ‘cétfaid’ (‘cétbuid’ sa tSean-Ghaeilge) – féach Whitley Stokes agus John Strachan, *op. cit.*, Iml. I (BÁC 1987 [1901]), lch 332 (Ml. 98b 5): ‘aitherrech cheitbada lesom anisiu’ (*he has here a correction of sense*) – gabhann an nóta bunleathanaigh seo a leanas le ‘cheitbada’ ansin, áfach: *recte* cétbada, *but cf. Ml. 98d2a*; tugtar an ghluais sin (ar *Aliter*) ar lch 334: ‘ní aithrech chétbada tra file sunt’ (*it is not a correction of sense that there is here*). Agus is amhlaidh go bhfaightear sampla eile fós den ghinideach den ainm briathartha sin arna shéimhiú sna gluaiseanna in *Coidéacs Sangallensis 904* – mar ghluais le *ad totum intelligendum*, faightear ‘do láni chétbutho inna huilae inscne’ (*for the fulness of meaning of the whole discourse [dictio]*)’ (Whitley Stokes agus John Strachan, *op. cit.*, Iml. II, lch 73 [Sg. 25b 7]).



Achtanna an Oireachtais

Is liosta le háireamh, go litriúil, iad samplaí d’ainmneacha briathartha a séimhíodh sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha in Achtanna an Oireachtais a d’aistrigh Rannóg an Aistriúcháin i gcaitheamh na mblianta agus an fhoirm ghinideach sin ar aon dul le foirm na haidiachta briathartha. Is as Achtanna a aistríodh ó 1958 i leith¹ – is é sin, sa tréimhse tar éis do Rannóg an Aistriúcháin an Caighdeán Oifigiúil a chur i dtoll a chéile – d’fhorhmór na samplaí a thugtar anseo thíos:²

‘iarracht bhasctha’,³ ‘íle bhealaithe’,⁴ ‘ola bhealaithe’,⁵ ‘breith bharrtha’,⁶

- ¹ I gcoitinne, ní thugtar sampla d’ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach as Acht ón tréimhse roimh 1958 ach amháin sa chás gur in Acht ón tréimhse sin amháin a aimsíodh sampla dá leithéid.
- ² De ghnáth ní thugtar sa liosta ach sampla amháin, as Acht amháin, de gach téarma – sa chás go mbíonn sampla díséimhithe ar fáil, tugtar níos mó ná sampla séimhithe amháin, má bhíonn a leithéid(i) ar fáil. Tugtar an téacs Béarla – an buntéacs – sna fonótaí, i dteannta gach sleachta as na hAchtanna. Déantar samplaí as na hAchtanna den ainm briathartha faoi shéimhiú sa ghinideach agus cuspóir á leanúint a chur i láthair i liosta leis féin, díreach ina dhiaidh seo, agus de ghnáth ní áirítear samplaí dá leithéid sa liosta tosaigh seo.
- ³ ‘iarracht mharfa nó bhasctha ar chomhaltaí de na fórsaí forghabhála’, *an attempt on the life or limb of members of the occupying forces* (Airteagal 68 den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).
- ⁴ *lubricating oil* (alt 19(5)(a) den Acht Airgeadais, 1959) – is ‘ola bhealaithe’ a fhaightear ón mbliain 1962 ar aghaidh. I dtaca le ‘íle’ de, thug Rannóg an Aistriúcháin an téarma sin don Roinn Tionscail agus Tráchtála mar aistriúchán ar *oil* sna 1920aí, de réir an *Oireachtas Dictionary of Official Terms*, ach aistríodh *oil* (*in butter*) mar ‘ola’ in alt 16(1)(i) den Acht Tora Déiríochta, 1924; tar éis na bliana 1959, áfach, is mar ‘ola’ a aistríodh *oil* i gcoitinne in Achtanna an Oireachtais.
- ⁵ ‘ciallaíonn “ola bhuncair” aon ola mhianrach hidreacarbóin (lena n-áirítear ola bhealaithe) a úsáidtear ... chun long a oibriú’, “*bunker oil*” means any hydrocarbon mineral oil (including lubricating oil) used ... for the operation ... of a ship (alt 3(1) den Acht um Thruailliú na Farraige (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006) – cf. ‘Daingnítear leis seo an tOrdú um Chleachtas Srianta Trádála (Biotáille Mhótair agus Ola Bhealaithe i gcóir Mótair-Fheithiclí), 1961 ...’, *The Restrictive Trade Practices (Motor Spirit and Motor Vehicle Lubricating Oil) Order, 1961 ... are hereby confirmed* (alt 1 den Acht um Chleachtas Srianta Trádála (Orduithe a Dhaingniú), 1962 [Ionstraim Reachtuil Uimh. 294 de 1961 atá san Ordú sin dá dtagairtear sa sliocht sin thuas]).
- ⁶ ‘aon imeachta chun aon bhreith bharrtha a thug aon Chúirt i Saorstát Éireann roimh rith an Achta so ... do chur i bhfeidhm’, *any proceedings for enforcing ... any final judgement given by any Court in Saorstát Éireann before the passing of this Act* (alt 1(3)(f) den Acht Slánuíochta, 1923) – cf. ‘breith chinnte’ níos faide ar aghaidh sa liosta thuas.

‘gallúnach bhearrtha’,⁷ ‘feiste bhraite’,⁸ ‘paitinn bhreisthe’,⁹ ‘áit chalaithé’,¹⁰ ‘ionstraim cheadaithe’,¹¹ ‘Aoine Chéasta’,¹² ‘cumhacht chimithe’,¹³

-
- ⁷ ‘Cneas-ghallúnach (le n-a n-ármhítear gallúnach bhearrtha)’, *Toilet (including shaving soaps)* (Uimh. Thag. 10(a) sa Tábla sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid, 1932 – cf. alt 22 den Acht Airgid, 1925).
- ⁸ ‘ciallaíonn “feiste bhraite” feiste a bheidh deartha ... chun go mbraithfeadh sí ... aon mhíotal nó mianra ar thalamh nó i dtalamh’, “*detection device*” means a device designed ... for detecting ... any metal ... on or in the ground (alt 2(8) d’Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1987).
- ⁹ ‘i gcás ina ndéanfar iarratas ar phaitinn i leith aon fheabhsaithe ... ar aireagán ... agus ina theannta sin go n-iarrfaidh an t-iarratasóir paitinn don aireagán sin ..., nó gurb é an paitinn ina leith é, féadfaidh an Ceannasaí ... an phaitinn don fheabhsú ... a dheonú mar phaitinn bhreisthe’, where application is made for a patent in respect of any improvement in ... an invention ... and the applicant also applies ... for a patent for that invention or is the patentee in respect thereof, the Controller may ... grant the patent for the improvement ... as a patent of addition (alt 28(1) d’Acht na bPaitinní, 1964).
- ¹⁰ ‘mura mbeidh an áit sin ceaptha ag údarás cuain an chuain mar áit chaluithé nó loingsithe ... do na hearraí sin’, unless such place is assigned by the harbour authority for the harbour as a landing place or shipping place ... for such goods (alt 79(1) den Acht Cuanta, 1946).
- ¹¹ ‘tar éis an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó cheadaithe dá dtagraítear in Airteagal 43 a thaisceadh’, after the deposit of the third instrument of ratification, acceptance or approval referred to in Article 43 (Airteagal 46(1) den Choinbhinsiún i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Uchtála, 2010).
- ¹² ‘an vótaíocht ... do chur ar athló go dtí an chéad lá eile nach Domhnach, Aoine Chéasta, Lá Nodlag, ná lá saoire bainc’, adjourn the polling ... to the next following day which is not a Sunday, Good Friday, Christmas Day, or a bank holiday (alt 23(1) d’Acht an Reifrinn, 1942) – faightear ‘Aoine an Chéasta’ mar a leanas in alt 36(m) den Acht céanna sin: ‘fágfar ar lár Domhantaí, laethe saoire bainc, Lá Nodlag, agus Aoine an Chéasta’, *Sundays, bank holidays, Christmas Day, and Good Friday shall be excluded*; cf. ‘I ngach cás ina drárlódh an t-ath-ló a ceapfí fén alt so bheith ina Dhomhnach, in’ Aoine Chéasta, ina Lá Nodlag, no ina Bhanc-shaoire’, *In every case in which the day to which an adjournment would be made under this section shall happen to be a Sunday, Good Friday, Christmas Day or Bank Holiday* (alt 33(5) den Acht Timpeal Toghachán, 1923).
- ¹³ ‘dá mba chúirt shibhialta an binse seirbhíse agus cumhacht chimithe aici mar gheall ar dhíspeagadh’, if the service tribunal were a civil court having power to commit for contempt (alt 161(2)(f) den Acht Cosanta, 1954, arna ionadú le halt 18(b)(ii) den Acht Cosanta (Leasú), 2007) – faightear samplaí de ‘cumhacht chimithe’ i dtrí Acht déag, ar a laghad, idir 2007 agus 1953 (alt 6(4)(c) den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chleachtais Srianata Trádála, 1953); ar an láimh eile féach an easpa séimhithe in ‘dá mb’imeachtaí os comhair cúirte breithiúnais ag a mbeadh cumhacht cimithe mar gheall ar dhíspeagadh cúirte na himeachtaí’, if the proceedings were proceedings before a court of justice having power to commit for contempt of court (alt 7(3)(e)(iii) den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Gáis, 1976) – ar ndóigh, ní hamhlaidh go mbeadh an baol ann go measfaí gur aidiacht bhriathartha a bhí ann dá mbeadh ‘cimithe’ faoi shéimhiú anseo; an chéad uair a raibh an nath sin le haistriú in Achtanna an Oireachtais, in alt 107(2) den Acht Fórsaí Cosanta (Forálacha Sealadacha), 1923, aistríodh *the President of the Court-Martial may certify the offence of such legal adviser under his hand to any Court of Law in Saorstát Eireann which has power to commit for contempt* mar ‘féadfidh Uachtarán na hArm-Chúirte cionta an chomhairligh dlí sin do dheimhniú fé n-a láimh d’aon Chúirt

‘tréimhse chimithe’,¹⁴ ‘breith chinnte’,¹⁵ ‘foirm chiontaithe’,¹⁶
‘táille chláráithe’,¹⁷ ‘tréimhse chláráithe’,¹⁸ ‘uimhir chláráithe’,¹⁹

Dlí i Saorstát Éireann na bhfuil comhacht aici chun duine do chur i bpríosún mar gheall ar mhaslú cúirte’.

- ¹⁴ ‘féadfaidh an tAire ... a ordú go ndéanfar duine a bheidh ar coinneáil ... faoin alt seo i bhforas athchuir a aistriú isteach, agus a choinneáil ar feadh na coda gan chaitheamh den tréimhse athchuir nó chimithe ..., i bhforas athchuir eile’, *the Minister may ... direct that a person detained under ... this section in a remand institution be transferred to and detained for the unexpired part of the period of remand or committal ..., in another remand institution* (alt 10(1) den Acht um Dhlínse Choiriúil, 1960).
- ¹⁵ ‘na himeachta do chur ar athló go dtí go mbeidh breith chinnte faighte ar an gceist’, *adjourn the proceedings until such time as a final decision on the question has been obtained* (alt 51(6) den Acht Árachais (Breac-Dhíomhaointeas), 1942) – táim ag glacadh leis gur foirm an ghinidigh uatha de ‘cinneadh’ atá anseo, seachas an aidiacht ‘cinnte’; is í an aidiacht ‘críochnaitheach’ a tháinig chun cinn mar aistriúchán ar *final* i gcomhthéacsanna mar sin sa reachtaíocht ar ball (baineadh leas as ‘crích-bhreith’ chun *final judgment* a aistriú in alt 2 den Acht Cearrbhachais, 1923, agus as ‘breith dheiridh’ chun *final determination* a aistriú in alt 4(4) d’Acht na bPinsean Sean-Aoise, 1924).
- ¹⁶ ‘Fuirm chiontuithé’, *Form of conviction* (teideal taoibhe alt 98 den Acht Iascaigh, 1939).
- ¹⁷ ‘déanfaidh sé na bearta is gá chun an t-iarratasóir a chlárú tar éis aon táille chláráithe is infheidhme a íoc’, *it shall take the necessary steps to register the applicant on payment of any applicable registration fee* (alt 30(10)(a) den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007 – cf. ‘táille chláráithe’ in alt 23(1) d’Acht na bPaitinní, 1992, arna leasú le halt 6 d’Acht na bPaitinní (Leasú) 2006); faighimid ‘Táille chomhdaithe’, *Filing fee*, i mír 19 den Sceideal a ghabhann leis an Ordú um Tháille Cláráitheachta Talún, 1959 (Ionstraim Reachtuil Uimh. 157 de 1959).
- ¹⁸ ‘díreach tar éis tréimhse chláráithe an tí a bheith imithe in éag’, *immediately after the expiration of the period of registration of the home* (alt 4(11) den Acht Sláinte (Tithe Banaltrais), 1990); ar an láimh eile, féach an easpa séimhithe in alt 4(3)(b) den Acht sin: ‘is é a bheidh i dtréimhse cláráithe tréimhse 3 bliana ó dháta an chláráithe’, *the period of a registration shall be 3 years from the date of registration* – tabhair do d’aire gurb é an t-ainmfhocal *registration* seachas an t-ainm briathartha atá sa mhír dheiridh sin; ní baol meascna leis an aidiacht bhriathartha is cúis leis an dshéimhiú sa chomhthéacs sin thuas, go háirithe nuair a chuirtear an mhír a ghabhann roimh an mír sin (b) san áireamh, chomh maith: ‘Féadfaidh bord sláinte, ar iarratas chuige ina thaobh sin ag duine a bheartaíonn teach banaltrais a sheoladh ina limistéar feidhmiúcháin, an teach a chlárú nó diúltú é a chlárú’, *A health board may, on application to it in that behalf by a person who proposes to carry on a nursing home in its functional area, register or refuse to register the home* – ‘Tithe banaltrais a chlárú’ atá mar theideal an ailt féin; tabhair do d’aire, chomh maith, go n-aistrítear *during the period of registration* mar ‘i rith na tréimhse clárúcháin’ in alt 96B(5) den Acht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005, arna chur isteach le halt 6 den Acht um Chleachtadh Tréidliachta (Leasú), 2012, mar shampla – is é sin, d’fhéadfaí ‘tréimhse chlárúcháin’ a úsáid dá mba ghá deimhin a dhéanamh de nach measfaí gur aidiacht bhriathartha a bhí i bhfoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha (fch Caibidil 4 thíos); ‘ar feadh a mbeidh gan chaitheamh dá thréimhse chláráithe faoin Acht sin’, *for the remainder of its period of registration under that Act* (alt 10(4) den Acht Sláinte (Seirbhísí Meabhairghalar), 1981).
- ¹⁹ ‘uimhir chláráithe 234027’, *registration number 234027* (alt 3 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010) – cf. alt

‘bliain chleachta’,²⁰ ‘tréimhse choigeartaithe’,²¹
‘áit choimeádta’,²² ‘pianbhreith choimeádta’,²³

6(2)(a) den Acht: ‘uimhir chláráithe na cuideachta’, *the company registration number*; ar an lámh eile, aistríonn ‘uimhir chláráithe agus oifig chláráithe na cuideachta’, *the registered number and registered office of the company* in alt 24(3)(d) d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Mar shamplaí eile de ‘uimhir chláráithe’, gan aon chuspóir ag an ainm briathartha, féach ‘sannfaidh an tAire uimhir (dá ngairtear “uimhir chláráithe” san Acht seo) i leith gach taifid sa Chlár agus cuirfidh sé faoi deara go dtaifeadfar gach uimhir chláráithe sa Chlár os coinne an taifid dá mbeidh sé sannta’, *in respect of each entry in the Register the Minister shall assign a number (in this Act referred to as “a registration number”) and shall cause each registration number to be entered in the Register opposite the entry to which it is assigned* (alt 2(4)(e) den Acht um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984) – agus féach sampla den ghinideach den ainm briathartha agus sampla den aidiacht bhriathartha araon in ‘uimhir chláráithe an phacálaí chláráithe’, *the registration number of the registered packer* (alt 3(2)(c) den Acht céanna sin).

- 20 ‘Uair amháin gach bliain chleachta, déanfaidh gach aturnae ... deimhniú ... a sheachadadh don chláráitheoir’, *Every solicitor ... shall, once in each practice year, ... deliver to the registrar a certificate* (alt 31(1) den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960) – cf. ‘ciallaíonn “bliain chleachta” aon bhliain dar críoch an 5ú lá d’Eanáir’, *“practice year” means any year ending on the 5th day of January* (alt 3(1) den Acht Aturnaetha, 1954).
- 21 ‘Bhéarfaidh an Ciste d’aitheantas, ina chaidreamh leis na comhaltaí, gur tréimhse athrúcháin agus choigeartuithe an tréimhse tar éis an chogaidh’, *the Fund shall recognize that the post-war transitional period will be one of change and adjustment* (alt 5 d’Airteagal XIV den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957) – is é is dóichí nach ginideach iolra de ‘coigeartú’ atá anseo, tharla nár aistríodh *change* mar ‘athruithe’ (pléifear an ginideach uatha dar críoch ‘-uithe’ i gCaibidil 5 den staidéar); cf. ‘déanfaidh Coimisiún na Talmhan méid de bhannaí talmhan is cómhéid le méid na mbannaí talmhan iomarcacha bheidh tugtha amach amhlaidh d’aistriú ón éarlais urraíochta san chun an chuntais choigeartuithe luaidhtear san alt san 11 den Acht Talmhan, 1936’, *the Land Commission shall transfer from the said guarantee deposit to the adjustment account mentioned in the said section 11 of the Land Act, 1936, an amount of land bonds equal to the amount of the excess land bonds so issued* (alt 10(2)(a) den Acht Talmhan, 1939).
- 22 ‘ciallaíonn “príosún” áit choimeádta a riarann an tAire Dlí agus Cirt’, *“prison” means a place of custody administered by the Minister for Justice* (alt 19(2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997) – ar an lámh eile, féach an easpa séimhithe in ‘ciallaíonn “príosún” áit choimeádta a riarann an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí’ agus ‘ciallaíonn “príosún” áit choimeádta atá á riaradh ag an Aire’ mar aistriúcháin ar *“prison” means a place of custody administered by ... the Minister* in alt 2 d’Acht na bPríosún, 2007, agus in alt 2(1) den Acht um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, 2006, faoi seach; tabhair do d’aire go n-aistrítear *“prison” means a place of custody administered by the Minister for Justice, Equality and Law Reform* mar ‘ciallaíonn “príosún” ionad choimeádta a riarann an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí’ in alt 42(1) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999; aistrítear *delete where place of custody is within the Dublin Metropolitan Police District* mar ‘scrios más laistigh de Cheantar Póilíneachta Cathrach Bhaile Átha Cliath atá áit a choimeádta’ i bhFoirm 41 sna Rialacha Cúirte Dúiche (An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967), 1967 (Ionstraim Reachtuil Uimh. 181 de 1967).
- 23 ‘faoi réir an choinníll go ndéanfar ... é ... a chur ar ais go dtí an stát eile sin ... chun aon phianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a forchuireadh air ... sa Stát a chur isteach’,

‘monaíocht chomórtha’,²⁴ ‘áit chónaithe’,²⁵
‘cáilíocht chónaithe’,²⁶ ‘cóir chónaithe’,²⁷ ‘cóireáil chónaithe’,²⁸
‘cóiríocht chónaithe’,²⁹ ‘dúiche chónaithe’,³⁰

subject to the condition that he ... is returned ... to that other state in order to serve any custodial sentence or detention order imposed upon him ... in the State (alt 45B(1)(b) den Acht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003, arna chur isteach le halt 20(b) den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha lghnéitheacha), 2009).

- ²⁴ ‘Monaíocht Chomórtha’, *Commemorative Coinage* (ceannteideal Chuid III den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998); féach, chomh maith, an ‘Treoir’ a ghabhann le heagrán an phobail den Bhunreacht: ‘cumhacht chomórtha’, *power to convene* (‘Uachtarán: cumhacht chomórtha’ [Airteagal 13.2.3^o], <http://www.irishstatutebook.ie/gal/constitution/index.html>).
- ²⁵ ‘ciallaíonn “príomháit chónaithe phríobháideach” teach cónaithe ... atá ar áitiú ag pearsa aonair mar a aon-áit ... nó a phríomháit ... chónaithe agus foláíonn sé talamh atá ag an bpearsa aonair le haghaidh a áitíochta agus a shealúchais ... féin mar aon leis an áit chónaithe sin mar gharraí ... leis an áit chónaithe sin’, “*principal private residence*” means *a dwelling house ... occupied by an individual as his ... only or main residence and includes land which the individual has for his ... own occupation and enjoyment with that residence as its garden* (alt 5(9) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015), agus ‘Áit chónaithe cuideachta’, *Company residence* (teideal taoibhe alt 82 den Acht Airgeadais, 1999) – cf. ‘tá cónaí ar dhuine ina príomháit chónaithe nó ina príomháit chónaithe nó, más rud é nach bhfuil aon príomháit chónaithe aige nó aici, ina ghnátháit chónaithe nó ina gnátháit chónaithe nó ... san áit a dtugann sé nó sí cuairt uirthi go rialta’, *a person resides at his or her main residence or, if he or she has no main residence, his or her usual place of abode or ... the place which he or she regularly visits* (alt 4(5) den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 2011).
- ²⁶ ‘cáilíocht chónaithe 6 mhí a dhíchur’, *removal of 6 months’ residence qualification* (teideal taoibhe alt 8 den Acht Leasa Shóisialaigh, 1980) – cf. ‘Cáilíocht chónaithe nó cáilíocht mhaoine coimeádaithe’, *Residential or property qualification of conservators* (teideal taoibhe alt 25 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).
- ²⁷ déanfar ... aird a thabhairt ar charachtar ... agus cúrsaí teaghlaigh na n-iarratasóirí agus ar an gcóir chónaithe atá acu’, *regard shall be had to the character ..., family circumstances and existing housing conditions of the applicants* (alt 29(2) d’Acht na dTithe (Leasú), 1948, arna ionadú le halt 28(1) d’Acht na dTithe (Leasú), 1952).
- ²⁸ ‘cóireáil chónaithe i lárionad ainmnithe’, *in-patient ... treatment in a designated centre* (alt 203(2) den Acht Cosanta, 1954, arna ionadú le halt 51(b) den Acht Cosanta (Leasú), 2007).
- ²⁹ ‘cóiríocht chónaithe’, *residential accommodation* (alt 227(1)(a) d’Acht na Leanaí, 2001, arna ionadú le halt 20 den Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007) – cf. ‘Cóiríocht chónaithe chíosa’, *Rented residential accommodation* (teideal taoibhe alt 380B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 50 den Acht Airgeadais, 1999).
- ³⁰ ‘más cúirt sa dúiche chónaithe a rinne an t-ordú’, *if the order was made by a court in the district of residence* (alt 136(1A)(a) d’Acht na Leanaí, 2001, arna chur isteach le halt 140(a) den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006) – cf. ‘Sonróidh ordú seirbhíse pobail an dúiche chúirte dúiche (dá ngairtear “dúiche chónaithe” san Acht seo) ina gcónaíonn an ciontóir’, *A community service order shall specify the district court district (in this Act referred to as the “district of residence”) in which the offender resides* (alt 6(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983).

‘forbairt chónaithe’,³¹ ‘maoin chónaithe’,³² ‘scoil chónaithe’,³³
‘teaghais chónaithe’,³⁴ ‘tír chónaithe’,³⁵ ‘tréimhse chónaithe’,³⁶



- ³¹ ‘i gcás ina mbeidh foráil sa scéim d’fhorbairt chónaithe’, *where the scheme provides for residential development* (alt 168(2)(g) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000).
- ³² ‘an ráta dleachta stampa ar mhaoin chónaithe’, *the rate of stamp duty on residential property* (alt 3(2)(o) den Acht Leithreasa, 2010) – cf. ‘ciallaíonn “maoin chónaithe” foirgneamh atá suite sa Stát agus a úsáidtear, nó atá oiriúnach lena úsáid, mar theaghais, lena n-áirítear aon teach, teaghásán, árasán nó teaghaisín’, “*residential property*” means a building situated in the State used, or suitable for use, as a dwelling, including any house, maisonette, flat or apartment (alt 2(1) den Acht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009).
- ³³ ‘Ospidéal agus Scoil Chónaithe Naomh Muire, Baile Dúill’, *St. Mary’s Hospital and Residential School, Baldoye* (an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Sláinte (Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir), 1999).
- ³⁴ ‘teach a úsáidtear mar theaghais chónaithe a chuardach gan barántas’, *the search without a warrant of a house used as a dwelling* (alt 22(2) den Acht Deochas Meisciúla, 1960).
- ³⁵ ‘sonraí faoina thír chónaithe’, *details of his country of residence* (alt 16(1)(b) den Acht Airgeadais, 1987) – cf. ‘iad a fhilleadh ar a dtír chónaithe tar éis deireadh na cogaióchta’, *their return to their country of residence after the cessation of hostilities* (Airteagal 45 den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).
- ³⁶ ‘Aon tréimhse chónaithe lasmuigh d’oileán na hÉireann ... déanfar í a áireamh mar thréimhse chónaithe in oileán na hÉireann’, *Any period of residence outside the island of Ireland ... shall be reckoned as a period of residence in the island of Ireland* (alt 15A(4) d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, arna chur isteach le halt 33(c) den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011), agus ‘Tréimhse chónaithe a ríomh i ndáil le hiarratas ar eadóirsiú’, *Calculation of period of residence in relation to application for naturalisation* (teideal taoibhe alt 6 d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2001) – ar an lámh eile, féach an easpa séimhithe in ‘tréimhse chónaithe an duine i limistéar feidhmiúcháin an údaráis’, *the period of residence of the person in the functional area ... of the authority* (alt 12(3)(a) d’Acht na dTithe (Iasachtaí agus Deontais), 1962), cé go bhfaightear ‘tréimhse chónaithe’ in Acht ón mbliain roimhe sin, mar shampla (‘go ndearnadh ... an conradh sula raibh deireadh leis an tréimhse chónaithe leanúnach

‘scéim chónasctha’,³⁷ ‘comhairle chosanta’,³⁸
‘críoch chosanta’,³⁹ ‘feiste chosanta’,⁴⁰

lasmuigh den Stát’, *the ... contract was made before the continuous period of residence outside the State ended* [alt 9(ii) den Acht Airgeadais, 1961]); faightear an téarma Béarla seo den chéad uair sna hAchtanna sa bhliain 1932, agus an téarma Gaeilge lena n-aistrítear é faoi shéimhiú: ‘Chun tréimhse chomhnaithe aon duine i Saorstát Éireann do dhéanamh amach’, *In computing ... the period of residence of any person in Saorstát Éireann* (alt 2(3) d’Acht na bPinsean Sean-Aoise, 1932); faightear ‘tréimhse chónaithe’ in Achtanna ó na blianta 1967, 1981 agus 1999, de bhreis ar na hAchtanna sin a áiríodh thuas.


- 37 ‘faoi scéim athchóiriúcháin nó chónasctha den chineál dá dtagraítear sa mhír sin 5’, *under such a scheme of reconstruction or amalgamation as is referred to in the said paragraph 5* (alt 63(1)(b) den Acht Airgeadais, 1982) – cf. ‘Más rud é i gcás aon scéim athchóirithe nó chónasctha gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim go ...’, *If in the case of any scheme of reconstruction or amalgamation the Revenue Commissioners are satisfied that ...* (alt 31(7) den Acht Airgeadais, 1965). Féach na samplaí seo a leanas, as Acht ón mbliain 1926, d’aidiacht agus d’ainmfhocal, faoi seach, bunaithe ar ‘cónasc’, in áit fhoirm an ainm bhriathartha a bheadh ar aon dul le foirm na haidiachta briathartha (faightear samplaí den aidiacht bhriathartha ‘cónasctha’ san Acht, chomh maith): ‘ní fholuíonn an focal “seirbhís” aon tréimhse sheirbhíse mar phrintíseach céirde ag aon chuideachtain chónascthach no thógtha-isteach’, *the word “service” does not include any period of service as a trade apprentice with any amalgamating or absorbed company* (alt 2(3) den Acht Bóthair Iarainn (Sean-Oifigigh agus Seana-Sheirbhísigh), 1926), agus ‘gach scéim chó-nascthachta’, *Every amalgamation scheme* (alt 5) – tabhair do d’aire, chomh maith, gur ghá idirdhealú a dhéanamh idir *amalgamating company* agus *absorbed company* san Acht (díreofar i gCaibidil 4 ar an tslí a n-aistrítear foirmeacha dar críoch *-ing* sa Bhéarla sna hAchtanna).
- 38 ‘Beidh comhlucht arna bhunú ar a dtabharfar an Chomhairle Chosanta ... chun cabhair agus comhairle a thabhairt don Aire i ngach ní maidir le gnó na Roinne Cosanta a n-iarrfaidh an tAire a gcomhairle faoi’, *There shall stand established a body to be called the Council of Defence ... to aid and counsel the Minister on all matters in relation to the business of the Department of Defence on which the Minister may consult the Council* (alt 11(1) den Acht Cosanta, 1954) – féach an easpa séimhithe in ‘agus cabhróidh Comhairle Cosanta leis fé mar a forálar ina dhiaidh seo anso’, *and shall be assisted by a Council of Defence as hereinafter provided*, in alt 1(x) den Acht Airí agus Rúnaithe, 1924 (cf. an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na bPinsean Seirbhíse Mileata, 1924) – ar ndóigh, is beag an baol go measfaí gur aidiacht bhriathartha a bhí ann dá mba rud é go raibh an ginideach de ‘cosaint’ faoi shéimhiú sa téarma sin.
- 39 ‘Ní fhéadfar iad a úsáid chun críche seachas a gcríoch chosanta sibhialta fad a bheidh siad ag teastáil chun tascanna cosanta sibhialta a chomhlíonadh’, *They may not be diverted from their civil defence purpose so long as they are required for the performance of civil defence tasks* (alt 4 d’Airteagal 67 de Phrótacl I sa Chúigiú Sceideal sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998) – féach nach bhfaightear aon séimhiú ar an nginideach de ‘cosaint’ in alt 3 d’Airteagal 62 toisc ‘críoch’ a bheith sa ghinideach iolra (féach, ina theannta sin, go gcáilíonn aidiacht ‘cosaint’ san alt sin 3, mar a dhéanann in alt 4 thuas, chomh maith): ‘Ní fhéadfaidh ach an Páirtí ar leis iad nithe a úsáidtear chun críoch cosanta sibhialta a scriosadh nó a úsáid chun críoch seachas na críocha is cú dóibh’, *Objects used for civil defence purposes may not be destroyed or diverted from their proper use except by the Party to which they belong*.
- 40 ‘Feithicil a úsáid nach bhfuil feiste chosanta chúil thíos ina trealamh aici’, *Using vehicle not equipped with rear underrun protective device* (Uimh. Thag. 13 sa Tábla i gCuid 2 den

‘foráil chosanta’,⁴¹ ‘obair chosanta’,⁴² ‘paitinn chosanta’,⁴³
‘tréimhse chosanta’,⁴⁴ ‘min chothaithe’,⁴⁵ ‘fógraíocht chraolta’,⁴⁶
‘seirbhís chraolta’,⁴⁷ ‘finéacht chríochnaithe’,⁴⁸ ‘bailíocht chruinnithe’,⁴⁹

Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002).

- 41 ‘Íocaíocht iomchuí – foráil chosanta’, *Relevant payment – saver provision* (teideal taoibhe alt 23 den Acht Leasa Shóisialaigh, 1999).
- 42 ‘daingean, no obair chosanta’, *fortification, or defence work* (Uimh. Thag. 9 sa Tábla sa Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht Fórsaí Cosanta (Forálacha Sealadacha) (Uimh. 2), 1940).
- 43 ‘Paitinn Chosanta d’Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath a dhaingniú’, *Confirmation of patent of protection for Archbishop of Dublin* (Cuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2007).
- 44 ‘ciallaíonn “tréimhse chosanta” an tréimhse, dar tosach tráth ceaptha scrúdaitheora, a bhfuil an chuideachta faoi chosaint na cúirte lena linn’, “*protection period*” means the period, beginning with the appointment of an examiner, during which the company is under the protection of the court (alt 10(3) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990) – féach an easpa séimhithe seo a leanas in alt 25A(1)(d) den Acht céanna (arna chur isteach le halt 25 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999): ‘más rud é go dtugann an tríú duine íocaíocht don chreidiúnaí i leith an dliteanais tar éis an tréimhse chosanta a bheith caite’, *if the third person makes a payment to the creditor in respect of the liability after the period of protection has expired*; aistrítear *Period of Protection* mar ‘Tréimhse na Caomhna’ agus ‘Tréimhse na Caomhanta’, faoi seach, sa cheannteideal sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú Caomhanta Éanacha Géim, Uimh. 1 (Rialacha agus Orduithe Reachtúla, 1930, Uimh. 75), agus sa cheannteideal sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Ordú Caomhanta Éanacha Géim, 1959 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 78 de 1959), faoi seach.
- 45 ‘Min chothuithe, per tonna’, *Feeding ... Meal, per ton* (Sceideal A a ghabhann le hAcht Chuan agus Phort Dhún Dealgan, 1925) – ní bhfaightear aon chamóg idir *Feeding* agus *Meal* in Ordú a bhaineann le rátaí cuain ón mbliain 1943 ná in Ordú ón mbliain 1976 ach oiread.
- 46 ‘caighdeáin, cleachtas agus toirmisc i bhfógraíocht chraolta’, *standards, practice and prohibitions in broadcast advertising* (alt 4(4) den Acht Craolacháin, 1990).
- 47 ‘an duine a sholáthraíonn an tseirbhís chraolta áirithe’, *the person providing the broadcasting service concerned* (alt 3(2)(a) den Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989) – cf. ‘duine a bhí ... ina oifigeach don Aire ar fostú sa seirbhís [stet] chraolta’, *a person who ... was an officer of the Minister employed in the broadcasting service* (alt 12(2)(i) den Acht um Údarás Craolacháin, 1960).
- 48 ‘agus beidh na cóipeanna san mar fhinéacht chríochnuithe ar fhorálacha gach dlí dá sórt’, *and such copies shall be conclusive evidence as to the provisions of every such law* (Airteagal 42 de Bhunreacht Shaorstáit Éireann, sa chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bun-reacht Shaorstáit Éireann, 1922) – ‘fianaise dochloíte’ atá mar théarma dlí a fhreagraíonn do *conclusive evidence* ó thráth déanta Ordú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 4), 1949, i leith.
- 49 ‘ach mura ndéantar an ghairm sin a fhágáil ... amhlaidh le haghaidh comhalta ... ní dhéanfaidh sé sin difir do bhailíocht chruinnithe’, *but failure so to leave ... such summon for ... a member ... shall not affect the validity of a meeting* (alt 20 de na rialacha sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Údarás Sláinte, 1960) – féach, áfach, an easpa séimhithe san aistriúchán in Acht ón mbliain 1970 ar an abairt Bhéarla chéanna: ‘ach ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht cruinnithe a mhainneachtain fógra den sórt sin a fhágáil ... amhlaidh do chomhalta’ (alt 22 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht

‘i ndáil chruinnithe’,⁵⁰ ‘foirm dhearbhairte’,⁵¹ ‘foráil dhearbhairte’,⁵²



- Sláinte, 1970); ar an láimh eile, i measc na nAchtanna ina bhfaightear an séimhiú ar an nginideach de ‘cruinniú’ agus é faoi réir ag ‘bailíocht’ tá Acht ón mbliain 1939, ina bhfuil an chéad aistriúchán a fhaightear ar an abairt Bhéarla sin sna hAchtanna: ‘ach má bhíonn an ghairm sin gan fágaint ... amhlaidh do bhall áirithe ... ní dhéanfaidh san deifir do bhailíocht chruinnithe’ (alt 20 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chongnamh Phuiblí, 1939).
- 50 ‘a mholadh do na Páirtithe sa choinbhleacht go dtiocfaidh a n-ionadaithe i ndáil chruinnithe ... ar thalamh neodrach’, *propose to the conflict a meeting of their representatives ... on neutral territory* (Airteagal 11 den Choinbhinsiún sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiún na Ginéive, 1962).
- 51 ‘fógra speisialta i scríbhinn (a mbeidh foirm dhearbhairte ... curtha i gceangal leis), a special notice in writing (... having annexed to it a form of declaration) (alt 147(1) den Acht Craolacháin, 2009) – cf. alt 4(5)(b) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984, agus alt 15(3)(b) den Acht Toghcháin, 1963; féach, chomh maith, ‘Muirear ar Fhoirm Dhearbhairte’, *Charge on Form of Declaration* (ceannteideal ar alt 5 den fhógra sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Geallbhróicéirí, 1964); ar an láimh eile, féach an easpa séimhithe in ‘foirm dearbhairte ... á rá gur léigh sé nó sí an nóta dá dtagraítear i mír (a)’, a form of declaration ... that he or she has read the note referred to in paragraph (a) (alt 5(1)(d) den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, arna ionadú le halt 11 den Acht Toghcháin (Leasú), 2009 [i gcomórtas le ‘foirm dhearbhairte ... á rá gur léigh sé na nótaí’, a form of declaration ... that he has read the notes, in alt 4(2)(b) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977]), agus in ‘fógra speisialta, a mbeidh foirm dearbhairte ag gabháil leis nó ann’, a special notice, accompanied by or including a form of declaration (alt 7(1) den Acht Radio-Teleagrafaíochta, 1926, arna ionadú le hÍtim 6 i gCuid 1 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007); aistrítear form of declaration of identity mar ‘foirm um dhearbhu céannachta’ in alt 7(1)(a)(i) den Acht Toghcháin (Leasú), 2006 (‘foirm um dhearbhu céannachta san fhoirm a ordóidh an tAire a thabhairt ar aird don oifigeach iomchuí’, produce to the relevant official ... a form of declaration of identity in the form directed by the Minister [cf. alt 10(1)(b) den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986]), murab ionann agus é a aistriú mar ‘foirm dhearbhairte céannachta’, mar a dhéantar i gclásal (ii) de Rialáil 8(1)(a) den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltai), 1947, arna ionadú le halt 6(d) den Acht Toghcháin (Leasú), 1972 (faightear ‘foirm dhearbhairte céannachta’ san Acht bunaidh sin ó 1947, agus ‘fuirm dhearbhu céannachta’ in Acht Toghcháin an tSeanaid, 1928); ar deireadh, tabhairt do d’aire go n-áirítear an téarma ‘ordú dearbhairte’, declaratory order, sna *Téarmaí Dlí*.
- 52 ‘Leasú ar ailt 12 agus 13 d’Acht 1982 agus foráil dhearbhairte’, *Amendment of sections 12 and 13 of Act of 1982 and declaratory provision* (teideal taoibhe alt 9 d’Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) (Leasú), 1983).

‘líne dheartha’,⁵³ ‘tréimhse dhúnta’,⁵⁴ ‘áit fheistithe’,⁵⁵
‘foirm fhianaithe’,⁵⁶ ‘cosaint fhírinnithe’,⁵⁷
‘achainí fhoirceanta’,⁵⁸

-
- ⁵³ ‘ Δ = an toirt toillíochta a fhreagraíonn don líne snámha dheartha’, Δ = *volume of displacement corresponding to the design waterline* (alt 42 den Acht Loingis Cheannaíochta, 2010).
- ⁵⁴ ‘Pé uair do chítear don Bhínse ... go bhfuil ... aon fhoirgint á húsáid chun cionta ... do dhéanamh ... féadfaidh an Bínse ordú do dhéanamh (dá ngairmtear ordú um dhúnadh san alt so) ag dúnadh an áitreibh sin go ceann pé tréimhse (dá ngairmtear an tréimhse dhúnta san alt so) ... a luadhfaidh an Bínse’, *Whenever it appears to the Tribunal ... that any building is being ... used for the purpose of ... the commission of an offence ..., the Tribunal may make an order (in this section referred to as a closing order) closing such premises for such period (in this section referred to as the close period) ... as the Tribunal shall specify* (alt 27(1) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Bunreacht (Leasú Uimh. 17), 1931).
- ⁵⁵ ‘chun rialála do dhéanamh maidir leis an ord ina ndí-ládálfar longa thiocfaidh isteach sa Chuan tráthanna gar dá chéile agus a úsáidfidh an áit fheistithe chéanna’, *for regulating the order in which vessels entering the Harbour at short intervals of one another and using the same berth shall discharge* (alt 3(a) d’Acht Chuan na Gaillimhe, 1935).
- ⁵⁶ ‘ach ní gá aon fhoirm fhianaithe ná ní gá do na finnétithe síniú i láthair a chéile’, *but no form of attestation shall be necessary nor shall it be necessary for the witnesses to sign in the presence of each other* (alt 78(2) den Acht Comharbais, 1965).
- ⁵⁷ ‘ní chlisfidh cosaint fhírinnithe de dhroim amháin nach gcruthófar fírinne gach cúisimh’, *a defence of justification shall not fail by reason only that the truth of every charge is not proved* (alt 22 den Acht um Chlúmhilleadh, 1961).
- ⁵⁸ ‘Measfar ... foirceannadh tosú nuair a rithfidh an chuideachta rún go ndéanfar an chuideachta a fhoirceannadh, nó nuair a thíolacfar achainí fhoirceanta mura mbeidh rún den sórt sin rite roimhe sin’, *a winding up is to be taken to commence on the passing by the company of a resolution for the winding up of the company, or on the presentation of a winding up petition if no such resolution has previously been passed* (alt 9(7) den Acht Cánach Corparáide, 1976) – cf. ‘nach ndéanfaidh aon duine ach scairshealbhóir an achainí fhoirceanta a thíolacadh’, *a winding-up petition shall not ... be presented by any person except a shareholder* (alt 215(b) d’Acht na gCuideachtaí, 1963); tá naoi sampla den téarma sin le fáil in Acht sin 1963, mar a bhfaightear an t-aon sampla amháin seo a leanas den easpa séimhithe (in alt 215(a)): ‘sa dóigh ... nach mbeidh ranníocóir i dteideal achainí fhoirceanta a thíolacadh’, *so ... that ... a contributory shall not be entitled to present a winding up petition*; féach, chomh maith, an easpa séimhithe sna samplaí seo a leanas: ‘I gcás ina ndéanfar ordú faoin alt seo chun banc taisce iontaobhais a fhoirceannadh, beidh feidhm ag an dlí a bhaineann le cuideachtaí ... ionann is dá mba go ndearnadh an t-ordú ar achainí fhoirceanta faoin dlí sin agus ionann is dá gcuirfí tagairt don ordú a dhéanamh faoin alt seo in ionad aon tagartha sa dlí sin don achainí fhoirceanta a thíolacadh’, *Where an order for the winding up of a trustee savings bank is made under this section, the law relating to companies ... shall apply as if the order had been made on a winding up petition under that law and as if for any reference in that law to the presentation of the winding up petition there were substituted reference to the making of the order under this section* (alt 26(9) den Acht um Bainc Thaisce Ionntaobhais, 1989 [cf. alt 21(9) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971, arna ionadú le halt 38 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1989]); easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh (a phléifear i gCaibidlí 15-16) is cúis leis an díshéimhiú anseo seachas aon bhaol míthuisceana, nach bhféadfadh a bheith i gceist ansin (ach oiread leis an sampla as Acht na gCuideachtaí, 1963, thuas) dá mbeadh an ‘f’ séimhithe.

‘obair fhorbartha’,⁵⁹ ‘eascaire fhorghníomhaithe’,⁶⁰
‘foirm fhorghníomhaithe’,⁶¹ ‘ionstraim fhorhmeasta’,⁶²
‘tréimhse ghaibhnithe’,⁶³ ‘obair ghearrtha’,⁶⁴ ‘cuideachta ghéillte’,⁶⁵

- ⁵⁹ ‘chun aon obair thaighde, shainchomhairle nó fhorbartha a ghabhann coláiste de láimh ... a shaothrú’, *to exploit any research, consultancy or development work undertaken by a college* (alt 5(1)(e) d’Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992) – féach an easpa séimhithe, áfach, in ‘comhshocraíochtaí a dhéanamh le forais iomchuí eile ... chun obair taighde agus forbartha a sheoladh’, *to enter into arrangements with other relevant institutions ... for the purposes of ... conducting research and development work* (alt 4(1)(a)(iv) d’Acht an Fhorais Náisiúnta um Ard-Oideachas, Baile Átha Cliath, 1980, arna ionadú le halt 3(a) den Acht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989 – cf. alt 3(a) den Acht um Ollscoil Luimnigh, 1989); ar ndóigh, níl aon bhaol ann go measfaí gur aidiacht bhriathartha a bhí ansin dá mba rud é go raibh ‘forbartha’ faoi shéimhiú; baineann an díséimhiú anseo leis an gclaoadh atá ann ‘f’ tosaigh a dhíshéimhiú (féach Caibidlí 15-16 thíos); féach an easpa séimhithe ar an ‘f’ sa sampla seo a leanas, chomh maith, d’ainneoin cuspóir a bheith ag an ainm briathartha sa ghinideach: ‘ar choinníoll gur deimhin leis an Aire gurb é an lú lá d’Iúil, 1965, dá éis sin a tosaíodh ar obair forbartha an láithreáin’, *provided that the Minister is satisfied that the work of developing the site commenced on or after the 1st day of July, 1965* (alt 44(1)(b) d’Acht na dTithe, 1966).
- ⁶⁰ ‘aon bhreithiúnas ..., lena n-áirítear foraithe, ordú, breith, nó eascaire fhorghníomhaithe’, *any judgment ..., including a decree, order, decision or writ of execution* (Airteagal 25 den Choinbhinsiún sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998).
- ⁶¹ ‘d’ainneoin é a bheith ceangailte go sainráite go mbeidh uacht arna déanamh i bhfeidhmiú na cumachta sin le forghníomhú le foirm éigin bhreise nó eile fhorghníomhaithe nó shollúntachta’, *notwithstanding that it has been expressly required that a will made in exercise of such power shall be executed with some additional or other form of execution or solemnity* (alt 79(2) den Acht Comharbais, 1965); faightear ‘áit fhorghníomhaithe’ in Acht ón mbliain 1998 (‘Mura bhfuil sainchónaí air sa Stát a n-iarrtar an forghníomhú ann, cinnfear í de réir áit fhorghníomhaithe’, *If he is not domiciled in the State in which enforcement is sought, it shall be determined by reference to the place of enforcement* [alt 2 d’Airteagal 32 den Choinbhinsiún sa Seachtú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998]), ach níor áiríodh sa liosta thuas é toisc go bhfaightear ‘cinnfear í de réir áit an fhorghníomhaithe’ san fhoráil a fhreagraíonn don cheann sin thuas in Acht 1998 san Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1988.
- ⁶² ‘an tráth a taisceadh a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, fhorhmeasta nó aontachais’, *at the time of ... deposit of its instrument of ratification, acceptance, approval or accession* (alt 6 d’Airteagal 3 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 1988) – cf. an fonóta a ghabhann le ‘ionstraim ghlactha’ sa liosta thuas.
- ⁶³ ‘déanfar an tréimhse sin a bhaint d’aon tréimhse ghaibhnithe a chuirfear de phianbhreith air’, *Its duration shall ... be deducted from any sentence of confinement* (alt 122 den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiún na Ginéive, 1962).
- ⁶⁴ ‘agus nach obair ghearrtha ná tollánadóireachta í’, *and not being work which consists of cutting or tunnelling* (alt 19 den Acht Airgeadais (Forála Ilghnéitheacha), 1956).
- ⁶⁵ ‘más rud é ... go mbeidh cailteanas tabhaithe ag an gcuideachta ghéillte i dtrádáil’, *where ... the surrendering company has incurred a loss in a trade* (alt 644C(20)(a) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 11(1)(b) den Acht Airgeadais, 2009).

‘ionstraim ghlactha’,⁶⁶ ‘tír ghlactha’,⁶⁷ ‘cóir ghléasta’,⁶⁸ ‘cóiríocht ghléasta’,⁶⁹
‘slí ghnóthaithe’,⁷⁰ ‘cuid ghluaiste’,⁷¹ ‘cumhacht ghluaiste’,⁷²

- ⁶⁶ ‘tar éis an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó cheadaithe dá dtagraítear in Airteagal 43 a thaisceadh’, *after the deposit of the third instrument of ratification, acceptance or approval referred to in Article 43* (Airteagal 46(1) den Choinbhinsiún sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Uchtála, 2010) – faightear macasamhail na habairte sin, le foirm shéimhithe an ghinidigh de ‘glacadh’ agus ‘ceadú’ faoi réir ag ‘ionstraim’, i roinnt Achtanna (cf. an fonóta faoi ‘ionstraim fhormheasta’ thuas, agus féach alt 2 d’Airteagal XXIII den Chomhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (Ciste Tacaíochta Airgeadais) (Comhaontú), 1976, mar shampla: ‘ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasa, nó fógra toilithe bheith faoi cheangal’, *an instrument of ratification, acceptance or approval, or a notification of consent to be bound*).
- ⁶⁷ ‘seoladh láithreach an linbh sa tír ghlactha’, *the child’s present address in the receiving country* (alt 3(r) d’Airteagal 78 den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiún na Ginéive (Leasú), 1998) – féach alt 3 le haghaidh chomhthéacs an téarma sin: ‘D’fhonn fillleadh leanaí, a aslonnaítear de bhun an Airteagail seo, ar a dteaghlaigh agus ar a dtír a éascú, déanfaidh údaráis an Pháirtí a shocraíonn an t-aslonnú agus, de réir mar is cuí, údaráis na tíre glactha, cárta ar a mbeidh grianghraif a bhunú le haghaidh gach linbh’, *With a view to facilitating the return to their families and country of children evacuated pursuant to this Article, the authorities of the Party arranging for the evacuation and, as appropriate, the authorities of the receiving country shall establish for each child a card with photographs* – fillfear ar an téarma seo sa chéad chaibidil eile.
- ⁶⁸ ‘An dleacht ar éadach agus cóir ghléasta phearsanta a leasú’, *Amendment of duty on personal clothing and wearing apparel* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht d’Fhorchur Dleacht (Orduithe a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1952 [faightear go leor samplaí den téarma ‘cóir ghléasta phearsanta’ san Acht Airgid (Diúitithe Custum) (Uimh. 2), 1932, mar shampla]) – cf. teideal Ionstraim Reachtúil Uimh. 357 de 1951, ‘An tOrdú chun Dleachta d’Fhorchur go Práinneach (Uimh. 267) (Éadaí agus Cóir Ghléasta Phearsanta), 1951’, agus ‘foluíonn an abairt “cóir ghléasta” ciarúirí póca agus foscadáin’, *the expression “wearing apparel” includes pocket handkerchiefs and umbrellas* (alt 7(8) den Acht Airgid, 1937).
- ⁶⁹ *dressing accommodation* (alt 35(1)(c) den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948).
- ⁷⁰ ‘beidh sé (gan dochar d’aon slí ghnóthaithe eile) inghnóthaithe mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla’, *it shall (without prejudice to any other means of recovery) be recoverable as a simple contract debt in a court of competent jurisdiction* (alt 243(3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).
- ⁷¹ ‘déanta ar dhóigh go gcoiscfidh sé duine ar bith ... ar theagmháil de thionóisc le cuid ghluaiste d’aon ghairesas tochrais a bheidh sa sloc’, *constructed as to prevent any person from ... accidentally coming into contact with a moving part of any winding apparatus with which the shaft ... is provided* (alt 35(1) den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965).
- ⁷² ‘ciallaíonn ‘feithicil leictreach’ feithicil a fhaigheann a cumhacht ghluaiste go heisiach ó mhótar leictreach’, *‘electric vehicle’ means a vehicle that derives its motive power exclusively from an electric motor* (alt 130 den Acht Airgeadais, 1992, arna chur isteach le halt 50(a) den Acht Airgeadais, 2011) – cf. ‘ciallaíonn “feithicil leictreach hibrideach” feithicil a fhaigheann a cumhacht ghluaiste ó theaghlaim de mhótar leictreach agus d’inneall dóchain inmheánaigh’, *‘hybrid electric vehicle’ means a vehicle that derives its motive power from a combination of an electric motor and an internal combustion engine* (alt 135C(1) den Acht Airgeadais, 1992, arna ionadú le halt 65 den Acht Airgeadais, 2007),

‘oibríocht mhaoinithe’,⁷³ ‘saincheist mhaoinithe’,⁷⁴
‘cúis mheabhlaithé’,⁷⁵ ‘contúirt mhórghortaithe’,⁷⁶ ‘gné mholta’,⁷⁷
‘deis phléasctha’,⁷⁸ ‘aisce phósta’,⁷⁹ ‘tréimhse phrofa’,⁸⁰

agus ‘ciallaíonn “mótar-fheithicil” ... feithicil inneallghluaiste ... a fhaigheann a cumhacht ghluaiste ó inneall dócháin inmheánaigh’, “motor vehicle” means ... a mechanically propelled vehicle ... which derives its motive power from an internal combustion engine (alt 1(1) den Acht um Mótar-Fheithicilí (Allmhaireoirí a Chlárú), 1968); tabhair do d’aire go dtugtar ‘gluais’ mar fhoirm mhalartach nó leagan malartach de ‘gluaiseacht’, ainm briathartha ‘gluais’, i bhFoclóir Uí Dhónaill.

- ⁷³ ‘Cistí a bheidh le soláthar faoi aon oibríocht mhaoinithe is don fhaighteoir a sholáthrófar iad’, *Funds to be provided under any financing operation shall be made available to the recipient* (alt 3(i) d’Airteagal 18 den Chomhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um an gComhchiste Idirnáisiúnta do Thráchtearraí, 1982).
- ⁷⁴ ‘I gcás go mbeidh saincheist bhuiséid nó mhaoinithe maidir leis an mBanc á breithniú ag an mBord’, *Where the Commission is considering a budgetary or funding issue relating to the Bank* (Alt 19B d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942, arna ionadú le mír 30 i gCuid 1 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 – tabharfar faoi deara go bhfreagraíonn ‘Bord’ do *Commission* anseo).
- ⁷⁵ ‘marc chomh gar i gcosúlacht le marc den sórt sin gur chúis mheabhlaithé é’, *a mark so nearly resembling such a mark as to be calculated to deceive* (alt 6(1)(a) d’Acht na nArm Tine (Promhadh), 1968).
- ⁷⁶ ‘substaint arb é a thuairim gur dócha ... go n-úsáidfí í chun críocha lena ngabhfadh contúirt mhór-ghortuithe ó thaobh sláinte nó coirp’, *a substance as respects which he is of opinion that it is likely ... to be used for purposes involving risk of serious injury to health or body* (alt 66(1)(b) den Acht Sláinte, 1947) – ar ndóigh, d’fhéadfaí a áiteamh gur foirm an ghinidigh iolra de ‘gortú’ atá anseo; díreofar ar fhoirmeacha dar críoch ‘-uithe’ sa ghinideach uatha i gCaibidil 5.
- ⁷⁷ ‘folaíonn “fógrán”, i ndáil le táirge tobac, gach gné mholta ag moladh an táirge don phobal’, *“advertisement”, in relation to a tobacco product, includes every form of recommendation of the product to the public* (alt 1 den Acht um Tháirgí Tobac (Fógraíocht, Coimircíocht agus Spreagadh Díolachán a Rialú), 1978).
- ⁷⁸ ‘Ní dhéanfar aon ábhar ná deis phléasctha a thabhairt ná a úsáid faoi thalamh i mianach’, *No blasting material or device shall be taken or used below ground in a mine* (alt 66(2) den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965).
- ⁷⁹ ‘aisce phósta a aisíoc’, *repayment of a marriage gratuity* (alt 12(3) den Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009); cé go bhfaightear séimhiú ar ‘pósta’ i ndiaidh an réamhfhocail chomhshuite ‘i gcomaoín’ in Acht ón mbliain 1988 (‘socraíocht a dhéantar roimh phósadh agus i gcomaoín phósta’, *a settlement made before and in consideration of marriage* [alt 59(1) den Acht Féimheachta, 1988]), tabhair do d’aire, i gcomhréir leis an gCaihteán Oifigiúil, nach séimhítear ‘pósta’ i ndiaidh an réamhfhocail chomhshuite sin in Achtanna ó na blianta 1961 agus 1971 (‘I gcás ina dtabharfaidh duine bronntanas i gcomaoín pósta’, *Where a person makes a gift in consideration of marriage* [alt 41(2) den Acht Airgeadais, 1971]).
- ⁸⁰ ‘rialacha maidir leis an tréimhse oiliúna (lena n-áirítear aon tréimhse phrofa) a bheidh le cur isteach ag duine a bheidh ar fostú leis an ngníomhaíocht mar phrintíseach den sórt sin’, *rules in relation to the period of training (including any probationary period) to be undergone by a person employed in the activity as such an apprentice* (alt 27(1)(d) den Acht Oiliúna Tionscail, 1967) – cf. ‘ar an tréimhse phrofa a bheith comhlánaithe’, *on*

‘foráil shaortha’,⁸¹ ‘oifig sheachadta’,⁸² ‘ionstraim shéanta’,⁸³
‘cóir shlánaithe’,⁸⁴ ‘uimhir thagartha’,⁸⁵

completion of the period of probation (alt 7(3)(b) den Acht Leasa Shóisialaigh, 1950); faightear ‘tréimhse phromhaidh’ in alt 28(1) den Acht Printíseachta, 1959, agus ‘ar feadh tréimhse promhaidh’ in alt 8 den Acht Uchtála, 1964; áirítear ‘tréimhse’ féin a bheith sa ghinideach in ‘I gcás duine a ceaptar ... chun poist i stát-sheirbhís an Rialtais a bheith ... ag caitheamh tréimhse profa a dtiocfadh de bharr í a chomhlánú go sásúil go mbeadh sé ina chomhalta den chiste pinsín’, *Where a person who is appointed ... to a situation in the civil service of the Government was ... serving a period of probation on the satisfactory completion of which he would have become a member of the pension fund* (alt 7(3) den Acht Leasa Shóisialaigh, 1950), mar a léiríonn ‘tréimhse phrofa’ in mír (b) den fho-alt sin (cf. alt 237 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

⁸¹ ‘Leasú ar alt 1035A (foráil shaortha ar alt 1035) den Phríomh-Acht’, *Amendment of section 1035A (relieving provision to section 1035) of Principal Act* (teideal taoibhe alt 32 den Acht Airgeadais, 2010).

⁸² ‘chuing an oifigeach i gceannas san oifig sheachadta’ (Cuid II den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983 – tagairt do leasú ar Rialachán 30(c) in Ionstraim Reachtuil Uimh. 196 de 1980 atá anseo; is éard a bheadh sa téacs Béarla arna leasú ná *to the officer-in-charge of the office of delivery*).

⁸³ ‘ní ghlacfaidh an séanadh éifeacht go dtí sé mhí tar éis an ionstraim shéanta a fháil’, *the denunciation shall only take effect six months after receipt of the instrument of denunciation* (Airteagal 25 den Phrótacal sa Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998).

⁸⁴ ‘maidir le haon aireagán is féidir a úsáid mar chóir liachta nó mháinliachta nó mar chóir shlánaithe eile’, *any invention capable of being used as ... a medical, surgical or other remedial device* (alt 42(1)(c) d’Acht na bPaitinní, 1964).

⁸⁵ ‘an uimhir thagartha méadarphointe arna sannadh i leith an áitribh cháilithigh lena mbaineann’, *the meter point reference number assigned in respect of the qualifying premises concerned* (alt 447A(8)(c) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 13 den Acht Airgeadais, 2011) – cf. ‘tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an ábhair atá leagtha amach os coinne uimhir thagartha 47’, *by inserting the following after the matter set out opposite reference number 47* (alt 33(1)(c) den Acht Airgeadais, 2011); ‘ainm agus uimhir thagartha cánach an chonraitheora cheadaithe a rinne an obair cháilitheach’, *the name and tax reference number of the approved contractor who carried out the qualifying work* (alt 447A(8)(f) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 13 den Acht Airgeadais, 2011); ‘is í an dleacht ghnáthcheadúnais i leith gnáth-cheadúnais iascaireachta a údaraíos inneall iascaireachta d’úsáid den tsórt a sonraítear i gcolún (2) de Chuid II den Dara Sceideal a ghabhas leis an Acht seo ag aon uimhir thagartha an tsuim atá leagtha amach i gcolún (3) den Chuid sin II ag an uimhir thagartha sin’, *the ordinary licence duty in respect of an ordinary fishing licence authorising the use of a fishing engine of a kind specified in column (2) of Part II of the Second Schedule to this Act at any reference number shall be the sum set out in column (3) of the said Part II at that reference number* (alt 15(4)(a) den Acht Iascaigh (Leasú), 1958), agus ‘Is diúite mar bhreis ar aon diúite eile is inéilithe ar an earra an diúite luaidhtear ag an uimhir thagartha so’, *The duty mentioned at this reference number is in addition to any other duty that may be chargeable on the article* (Uimh. Thag. 2 sa Tábla sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid (Diúiteithe Custum) (Uimh. 4), 1932); faightear na giorrúcháin ‘Uimh. Thagartha’ agus ‘Uimh. Thag.’, ach go háirithe, sna hAchtanna, chomh maith – féach an Tábla sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um

‘tréimhse tháirgthe’,⁸⁶ ‘monarcha thaislithe’,⁸⁷ ‘obair thochailte’,⁸⁸ ‘foirm thoilithe’,⁸⁹ ‘conair thrácht’⁹⁰ agus ‘ionstraim threascairtha’.⁹¹

Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000, le haghaidh sampla ón aois seo de ‘Uimh. Thag.’ agus an Tábla sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid, 1932, le haghaidh sampla ón bhfichiú haois.

- ⁸⁶ ‘Scurfidh alt 23 d’Acht 1937 d’fheidhm do bheith aige maidir le haon tréimhse tháirgthe thosnóidh ar dháta an aistrithe’, *Section 23 of the Act of 1937 shall cease to apply in respect of any production period commencing on ... the transfer date* (alt 53 den Acht Muc agus Bagúin (Leasú), 1939 – cf. an tAcht Muc agus Bagúin, 1935, mar a bhfaightear cúig shampla); ar an láimh eile, féach an easpa séimhithe in ‘cion réasúnach de na costais a thabhaigh an chuideachta agus nach inchurtha ach go neamhdhíreach i leith tháirgeadh na sócmhainne sin a mhéid amháin a bhaineann siad leis an tréimhse táirgthe’, *a reasonable proportion of the costs incurred by the company which are only indirectly attributable to the production of that asset, but only to the extent that they relate to the period of production* (alt 14(3)(a) i gCuid II den Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí (Leasú), 1986) – ar ndóigh, níl aon bhaol ann go measfaí gur aidiacht bhriathartha a bhí in ‘táirgthe’ arna shéimhiú agus é faoi réir ag ‘tréimhse’.
- ⁸⁷ ‘I ngach monarcha thaislithe nach bhfuil i bhfeidhm inti de thuras na huaire rialacháin faoin Acht seo ... maidir le taisleach’, *In every humid factory in which regulations made under this Act ..., with respect to humidity, are not for the time being in force* (alt 63(2) den Acht Monarchan, 1955) – is amhlaidh go bhfaighimid sampla gan séimhiú in alt 2(1) den Acht, mar a mínítear an téarma: ‘ciallaíonn “monarcha taislithe” monarcha ina ndéantar aerthaisliú go saorga trí ghailiú nó ar shlí eile’, *“humid factory” means a factory in which atmospheric humidity is artificially produced by steaming or other means*.
- ⁸⁸ ‘feithiclí atá deartha ... chun trinsí a ghearradh nó le haghaidh obair thochailte nó shluais-teála de chineál ar bith’, *vehicles designed ... for the purpose of trench digging or any kind of excavating or shovelling work* (alt 4(a) den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais), 2008).
- ⁸⁹ ‘an fhoirm thoilithe fhorordaithe ag toiliú leis an gcuideachta a chlárú mar chuideachta neamhtheoranta agus í sínithe ag comhaltaí uile na cuideachta’, *the prescribed form of assent to the company’s being registered as unlimited subscribed by ... all members of the company* (alt 52(3)(a) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983) – cf. alt 52(8)(a): ‘aon síniú le foirm thoilithe ag ionadaí pearsanta dlíthiúil do chomhalta éagtha de chuid cuideachta’, *subscription to a form of assent by the legal personal representative of a deceased member of a company*; aistriú ‘foirm thoilithe’ *form of consent* in alt 6(3) den Acht Comharbais, 1965, arna ionadú le halt 4 d’Acht na gCúirteanna, 1981: ‘Mura rud é go síneoidh na páirtithe riachtanacha sna himeachtaí i gcúis ... an fhoirm thoilithe a ordaítear le rialacha cúirte’, *Unless the necessary parties to the proceedings in a cause sign ... the form of consent prescribed by rules of court*.
- ⁹⁰ ‘Toirmeasc ar fheithiclí le luasteorainn 50 m.s.u. a thiomáint ar chonair thrácht sheacht-rach carrbhealaigh de chuid mótarbhealaigh’, *Prohibition of driving vehicles with 50 mph speed limit on outside traffic lane of carriageway of motorway* (uimh. thag. 25 i gCuid 4 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002).
- ⁹¹ ‘Ionstraim threascairtha maidir le haon tíolacas, aistriú nó díuscáirt, a dhealraíonn a bheith iomlán, ach nach bhfuil beartaithe ach amháin mar urrús ar airgead nó ar stoc’, *Instrument of defeazance of any conveyance, transfer or disposition, apparently absolute, but intended only as a security for money or stock* (Ceannteideal vi i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, arna scriosadh ag alt 100(1)(h)(i) den Acht Airgeadais, 2007).

Mar a fheictear sna fonótaí a ghabhann le téarmaí áirithe sa liosta sin, is amhlaidh go bhfaighimid samplaí fánacha sna hAchtanna de ‘cumhacht cimithe’, ‘tréimhse cláraithe’, ‘áit coimeáda’, ‘tréimhse cónaithe’, ‘bailíocht cruinnithe’, ‘comhairle cosanta’, ‘foirm dearbhaithe’, ‘achainí foirceanta’, ‘obair forbartha’, ‘tréimhse táirgthe’ agus ‘monarcha taislithe’.⁹² I gcás leithéidí ‘cumhacht chimithe’, ‘tréimhse chónaithe’, ‘bailíocht chruinnithe’ agus ‘tréimhse tháirgthe’, is ar éigean go bhféadfadh aidiacht bhriathartha a bheith i gceist leis an nginideach den ainm briathartha, agus, i gcás téarmaí eile díobhsan thuas, léiríonn an comhthéacs, a thugtar sna fonótaí, gur ginideach den ainm briathartha seachas aidiacht bhriathartha faoi shéimhiú atá i gceist. Agus, ar an lámh eile, d’ainneoin riail na heaspa séimhithe ar ‘t-’ i ndiaidh ‘-s’ agus ar ‘-s-’ i ndiaidh ‘-t’ nó ‘-n’, is amhlaidh go bhfaightear ‘áis thagartha’ in Acht ón mbliain 2008,⁹³ ‘cóiríocht shuite’ in Acht ó 1998⁹⁴ agus ‘comaoin sheachadta’ in Acht ó na seachtóidí luatha.⁹⁵

⁹² Tháinig mé ar ‘caingean clúmhillte’, chomh maith, in Acht ó 2009, agus na samplaí sin thuas d’ainmneacha briathartha faoi shéimhiú sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh uatha á lorg sna hAchtanna agam: ‘I gcás nach ndearna an cosantóir i gcaingean clúmhillte ach tairiscint shrianta’, *Where the defendant in a defamation action made a qualified offer only* (alt 23(3) den Acht um Chlúmhillteadh, 2009) – tabhair do d’aire go n-aistrítear *In a defamation action* mar ‘I gcaingean mar gheall ar chlúmhillteadh’ in alt 49(14) den Acht Craolacháin, 2009 (dealraíonn sé nach bhfaightear aon sampla de *defamation action* sna hAchtanna roimh an mbliain sin 2009); mar eolas, is mar ‘clú-mhille ráiteach’ agus ‘clú-mhille scríbhthe’ a aistríodh *slander* agus *libel*, faoi seach, in alt 77A den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924.

⁹³ ‘ciallaíonn an “Coinbhinsiún ar Chnuas-Mhuinisin” an Coinbhinsiún ar Chnuas-Mhuinisin ... a bhfuil an téacs de, sa Bhéarla, leagtha amach mar áis thagartha i Sceideal 1’, “*Cluster Munitions Convention*” means the *Convention on Cluster Munitions* ... the text of which in the English language is set out for ease of reference in Schedule 1 (alt 2(1) den Acht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra, 2008) – cf. alt 4(2) den Acht um Dhlínse Cúirteanna (Coinbhinsiún Mhuirí), 1989.

⁹⁴ ‘Feithiclí ... a bhfuil cóiríocht shuite iontu ... do líon daoine is mó ná 8 nduine’, *Vehicles ... which have seating capacity for ... more than 8 persons* (alt 3(a) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998) – cf. ‘ní fholaíonn cóiríocht shuite feithicle an suíochán nó an spás do thiománaí na feithicle’, *the seating capacity of a vehicle does not include the seat or space occupied by the driver of the vehicle* (alt 2 de Chuid II den Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952); ar an lámh eile faightear ‘cóiríocht suite’ in Achtanna ó na blianta 2008 (‘ciallaíonn “bus” feithicil inneallghluaiste ... ina bhfuil cóiríocht suite do níos mó ná 9 nduine’, “*bus*” means a mechanically propelled vehicle ... having seating accommodation for more than 9 persons [alt 2 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008]) agus 1961 (‘idirdealú a dhéanamh idir cóiríocht suite do phaisinéirí agus cóiríocht seasaimh do phaisinéirí’, *distinguish between seating passenger accommodation and standing passenger accommodation* [alt 121 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961]), mar shampla.

⁹⁵ ‘gur i leith an phacaíste go hiomlán agus nach i leith na gcineálacha éagsúla earraí atá ann an chomaoin sheachadta’, *the consideration for delivery is referable to the package as a whole and not to the different kinds of goods included therein* (mír (xvi)(b) den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, arna leasú le halt 88(b) den Acht Airgeadais, 1973).



Oifig Dhiolta Foilseachán Rialtais ar Shráid Theach Laighean, BÁC 2, a dúnadh i Samhain 2012.

Ar shamplaí as Achtanna an Oireachtais d’ainmneacha briathartha arna séimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, agus lena ngabhann cuspóir, tá na cinn seo a leanas:

‘An Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme’,⁹⁶ ‘ola bhealaithe mótarfheithiclí’,⁹⁷ ‘tréimhse bhearnaithe fostaíochta’,⁹⁸ ‘seirbhís bheartaithe muiríne’,⁹⁹

⁹⁶ *Farm Waste Management Scheme* (teideal taoibhe alt 12 den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009) – tagann sé sin salach ar riail eile fós sa Chaighdeán Athbheithnithe maidir le heaspa séimhithe i ndiaidh ‘scéim’, riail ar a ndíreofar i gCaibidil 8 thíos.

⁹⁷ ‘an tOrdú um Chleachtais Srianta (Biotáille Mhótair agus Ola Bhealaithe Mótarfheithiclí), 1981’, *The Restrictive Practices (Motor Spirit and Motor Vehicle Lubricating Oil) Order, 1981* (alt 1 den Acht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1981).

⁹⁸ ‘i gcás duine a bhí ... ag fáil sochar breoiteachta ar feadh tréimhse nach lú ná 624 lá i leith tréimhse éagumais chun oibre agus a bhfuil tréimhsí éagumais chun oibre dá éis sin aige nó aici laistigh den tréimhse bhearnaithe fostaíochta chéanna’, *in the case of a person who ... has been in receipt of illness benefit for not less than 624 days in respect of a period of incapacity for work and who, within the same period of interruption of employment, has subsequent periods of incapacity for work* (alt 40(3)(ea) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna chur isteach le halt 5(a) den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2007 – ní móide go ndéanfaidh sé aon difear ó thaobh céille de dá n-áireofaí ‘bearnaithe’ mar aidiacht bhriathartha).

⁹⁹ *a family planning service* (alt 4(1)(b)(i)(IV) den Acht Sláinte (Beartú Muiríne), 1979, arna ionadú le halt 2 den Acht Sláinte (Beartú Muiríne) (Leasú), 1985); cf. ‘ciallaíonn “seirbhís bheartaithe muiríne” seirbhís chun faisnéis, teagasc, comhairle nó sainchomhairle a sholáthar’, “*family planning service*” means a service for the provision of information, instruction, advice or consultation (alt 1 den Acht Sláinte (Beartú Muiríne), 1979) – faighimid an sampla seo a leanas den séimhiú ar ghinideach cáilithe in alt 2 d’Acht sin 1979: ‘Déanfaidh an tAire ... seirbhís bheartaithe muiríne nádúrtha chuimsitheach a sholáthar,

‘ionstraim bhunaithe an mhuirir’,¹⁰⁰ ‘cumhacht cheaptha nótaireí poiblí agus coimisinéirí’,¹⁰¹ ‘scéim chaomhnaithe cósta’,¹⁰² ‘ionstraim cheaptha seachvótálaí’,¹⁰³ ‘áit chláráithe soithigh’,¹⁰⁴ ‘táille chláráithe talún’,¹⁰⁵ ‘uimhir chláráithe cánach’,¹⁰⁶ ‘uimhir chláráithe CBL’,¹⁰⁷ ‘substaint choiscthe galar’,¹⁰⁸ ‘tréimhse choiscthe duánachta’,¹⁰⁹

is é sin le rá, seirbhís chuimsitheach chun faisnéis ... a sholáthar i ndáil le modhanna beartaithe muiríne nach ngabhann úsáid frithghiniúnach leo’, *The Minister shall ... provide a comprehensive natural family planning service, that is to say, a comprehensive service for the provision of information ... in relation to methods of family planning that do not involve the use of contraceptives.*

- ¹⁰⁰ ‘... ionstraim bhunaithe an mhuirir a chlárú go cuí i gClárlann na nGníomhas’, *the instrument effecting the charge is duly registered in the Registry of Deeds* (alt 42(1)(d) den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978); cf. ‘ionstraim bhunaithe an mhorgáiste nó an mhuirir’, ... *the instrument creating the mortgage or charge* (alt 2(d) den Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht na dTithe, 1966).
- ¹⁰¹ ‘cumhacht cheaptha nótaireí poiblí agus coimisinéirí chun daoine a chur faoi mhionn’, *the power of appointing notaries public and commissioners to administer oaths* (alt 10(1)(b) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).
- ¹⁰² ‘Scéim chaomhnaithe cósta a ullmhú’, *Preparation of coast protection scheme* (teideal taoibhe alt 6 den Acht um Chaomhnú an Chósta, 1963).
- ¹⁰³ ‘Is i cibé foirm a ordóidh an Cláráitheoir a bheidh ionstraim cheaptha seachvótálaí’, *The instrument appointing a proxy shall be in such form as the Registrar may direct* (alt 54(4) den Acht Cumann Foirgníochta, 1976) – cf. alt 24(3)(b) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959: ‘Ní gá stampa ar ionstraim cheaptha seachvótálaí faoi mhír (a) den fho-alt seo’, *An instrument appointing a proxy under paragraph (a) of this subsection shall not require a stamp.*
- ¹⁰⁴ ‘mar aon le hainm agus calafort nó áit chláráithe aon soithigh den sórt sin’, *together with the name and port or place of registry of any such vessel* (alt 27(3)(f) den Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha amach ón gCósta), 1987).
- ¹⁰⁵ ‘Ní bheidh aon dleacht stampa ... ná táille chláráithe talún le híoc i leith aon fhógra den sórt sin’, *No stamp duty ... or land registration fee shall be payable in respect of any such notice* (alt 12(3) den Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976).
- ¹⁰⁶ ‘uimhir chláráithe cánach na cuideachta’, *the tax registration number of the company* (alt 1001(3)(c) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 120 den Acht Airgeadais, 2007).
- ¹⁰⁷ ‘uimhir chláráithe CBL an duine atá freagrach as an gcomhdháil a eagrú’, *the ... VAT registration number of the person responsible for organising the conference* (alt 12(3) (ca) den Acht Cánach Breisluacha, 1972, arna chur isteach le halt 83(b)(iii) den Acht Airgeadais, 2007) – cf. ‘a uimhir chláráithe cánach breisluacha’, *his value-added tax registration number* (alt 16(a)(ii) den Acht Airgeadais, 1987).
- ¹⁰⁸ ‘foluionn an abairt “substaint íce” substaint choiscthe ghalair agus substaint nochtaithe ghalair’, *the expression “therapeutic” includes prophylactic and diagnostic* (alt 1 den Acht Substaintí Íce, 1932).
- ¹⁰⁹ ‘an tréimhse choiscthe duánachta i nDeireadh Fómhair’, *the October close period for angling* (alt 137(1)(b)(ii) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959) – cf. alt 2(3) den Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin: ‘agus beidh tréimhse choiscthe dhuánachta Dheireadh Fómhair ina cuid di’, *and shall include the October close period for angling.*

‘cumhacht chomórtha armchúirte’,¹¹⁰ ‘áit chruinnithe an bhinshe’,¹¹¹
‘cumhacht churtha na gceisteanna agus na móideanna’,¹¹² ‘obair dhéanta
bóithre’,¹¹³ ‘foirm dhearbhaithe céannachta’,¹¹⁴ tréimhse bhailíochta
dheimhnithe chleachta’,¹¹⁵ ‘tréimhse fhormhuinithe pointí pionóis’,¹¹⁶

¹¹⁰ ‘féadfaidh oifigeach ag a mbeidh cumhacht chomórtha armchúirte a ordú ... an duine sin a thriail ag armchúirt’, *an officer having power to convene a court-martial may ... order such person to be tried by court-martial* (alt 181(1) den Acht Cosanta, 1954).

¹¹¹ ‘Cuirfear cibé cóir is gá ar mhaithe le feidhmiú cuí an Bhinshe Idirnáisiúnta do Ruanda ar dhaoine eile ... a gceanglaítear orthu a bheith ag suíomh nó ag áit chruinnithe an Bhinshe Idirnáisiúnta do Ruanda’, *Other persons ... required at the seat or meeting place of the International Tribunal for Rwanda shall be accorded such treatment as is necessary for the proper functioning of the International Tribunal for Rwanda* (alt 4 d’Airteagal 29 den Reacht sa Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Binsí Coireanna Idirnáisiúnta Cogaidh, 1998) – cf. ‘Is de réir mar a chinnfear le rialacháin a dhéanfaidh an Bord a bheidh córam, nós imeachta agus áit chruinnithe aon fho-bhoird a bhunófar faoin alt seo’, *The quorum, procedure and place of meeting of any sub-board established under this section should be such as may be determined by regulations to be made by the Board* (alt 3(4) den Acht Forbartha Móna, 1990), agus ‘le linn dóibh a bheith ag taisteal go dtí áit chruinnithe an Chomhthionóil Chomhairligh’, *when they are travelling to ... the place of meeting of the Consultative Assembly* (Airteagal 15 den Chomhaontú sa Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967); féach an sampla seo a leanas den aidiacht bhriathartha: ‘ciallaíonn “olann chruinnithe” olann a thit de chaoirigh bheo agus a cruinníodh de sceacha nó as áiteanna eile’, *“gathered wool” means wool left by live sheep and gathered from hedges or elsewhere* (alt 1(1) den Acht Margaithe Olla, 1968).

¹¹² ‘aon oifigeach ceannais agus aon chléireach ... beidh aca comhacht churtha na gceisteanna agus na móideanna a húdarúitear leis an Acht so a chur chun vótáluithe no ortha’, *any presiding officer and any clerk... shall have the power of asking the questions and administering the oaths authorised by this Act to be asked of or administered to voters* (alt 35 den Acht Timpeal Toghachán, 1923).

¹¹³ ‘fostaíocht faoin Stát ar obair dhéanta, athdhéanta, cothabhála, athraithe, deisithe nó scartála bóithre poiblí’, *employment by the State on work in the construction, reconstruction, maintenance, alteration, repair or demolition of public roads* (alt 234(b)(iii) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981) – cf. ‘Obair dhéanta déanmhais agus obair eile i gcóir scéime pleanála do rialú’, *Control of constructive and other work for planning scheme* (teideal taoibhe alt 57 den Acht um Bailte agus Líomatáistí do Shíneadh Amach, 1934).

¹¹⁴ ‘foirm dhearbhaithe céannachta san fhoirm fhorordaithe’, *a form of declaration of identity in the prescribed form* (fo-mhír (ii) de Riall 4(f) sa Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltáí), 1947, arna ionadú le halt 6(l) den Acht Toghcháin (Leasú), 1972).

¹¹⁵ ‘Dáta agus tréimhse bhailíochta dheimhnithe chleachta’, *Date and period of validity of practising certificate* (teideal taoibhe alt 48 den Acht Aturnaethe, 1954) – cf. teideal taoibhe alt 52 den Acht céanna: ‘An éifeacht a bheas ag fionraí dheimhnithe chleachta’, *Effect of suspension of practising certificate*; féach, chomh maith, ‘Éifeacht dheimhnithe árachais no dheimhnithe urruíochta’, *Effect of certificate of insurance or of guarantee* (teideal taoibhe alt 69 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1933).

¹¹⁶ ‘Tréimhse fhormhuinithe pointí pionóis’, *Period of endorsement of penalty points* (teideal taoibhe alt 4 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002).

‘cúirt ghearrtha pianbhreithe’,¹¹⁷ ‘líne ghéillte slí’ / ‘sín ghéillte slí’,¹¹⁸
‘aimsir ghlactha na n-ainmniúchán’,¹¹⁹ ‘áit ghlactha daoine breoite’,¹²⁰
‘faisnéis ghlactha na hoifige’,¹²¹ ‘meaisíneacht mheasctha stroighne’,¹²²
‘aithne mholta cúitimh’,¹²³ ‘breith mholta cúitimh’,¹²⁴ ‘príomh-áit
sheolta an ghnó’¹²⁵ agus ‘tréimhse thosaithe teidil’.¹²⁶

¹¹⁷ ‘pianbhreith arna forchur ag cúirt (dá ngairtear “an chúirt ghearrtha pianbhreithe” san Acht seo) ar dhuine a chiontú ar díotáil’, *a sentence imposed by a court (in this Act referred to as the “sentencing court”) on conviction of a person on indictment* (alt 2(1) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993).

¹¹⁸ ‘Mainneachtain ag feithicil slí a ghéilleadh ag sín ghéillte slí nó ag líne ghéillte slí’, *Failure of vehicle to yield right of way at yield sign or yield line* (Uimh. Thag. 13 sa Tábla i gCuid 4 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002).

¹¹⁹ ‘roimh thosach aimsir ghlactha na n-ainmniúchán’, *before the commencement of the time for receiving nominations* (alt 6 de Chuid I den Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht Timpeal Toghachán, 1923).

¹²⁰ ‘an áit ghlactha daoine breoite’, *the ... place for reception of sick persons* (alt 229(9) den Acht Cosanta, 1954) – cf. ‘áit ghlactha na n-ainmniúchán’, *the place for receiving nominations* (alt 8 de Chuid I den Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht Timpeal Toghachán, 1923).

¹²¹ ‘chó luath tar éis a thogtha agus bheidh faisnéis ghlactha na hoifige déanta aige’, *as soon after his election as he has made the declaration accepting office* (alt 9(3) den Acht um Thoghacháin Áitiúla, 1927).

¹²² ‘An diúité ar mheaisíneacht áirithe mheasctha stroighne’, *The duty on certain cement-mixing machinery* (Uimh. Thag. 6 sa Tábla sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1939).

¹²³ ‘Más rud é go bhfuil coinníoll ath-shuidhimh ag gabháil le haithne mholta cúitimh do rinneadh fén bPríomh-Acht’, *Where a reinstatement condition is attached to a decree awarding compensation made under the Principal Act* (alt 11(2) den Acht um Dhíobháil do Mhaoín (Cúiteamh) (Leasú), 1933).

¹²⁴ ‘foluíonn an focal “aithne” breith diúltuithe cúitimh chó maith le breith mholta cúitimh’, *the word “decree” includes a decision refusing compensation as well as a decision awarding compensation* (alt 2(7) den Acht um Dhíobháil do Mhaoín (Cúiteamh), 1923).

¹²⁵ ‘I gcás scaireanna i gcomhpháirtíocht, measfar a láthair suímh a bheith i bpríomh-áit sheolta an ghnótha’, *Shares in a partnership shall be deemed to be situated at the place where the business is principally carried on* (mír (i) d’Airteagal III den Chomhaontú sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1955) – ar ndóigh, ní bheadh séimhiú ar an nginideach uatha de ‘seoladh’ anseo tar éis ‘áit’ de réir an Chaighdeáin Oifigiúil (i.e., ‘s-’ i ndiaidh ‘-t’).

¹²⁶ ‘glacadh mar thréimhse thosaithe teidil, a gceanglófar ar an úinéir ... é a rianú, le tréimhse nach lú ná ... dhá bhliain déag dar tosach dáta tíolactha ... na talún’, *to accept, as the period of commencement of title which the owner ... shall be required to deduce, a period of not less than ... twelve years beginning on the date of a conveyance ... of the land* (alt 16(1) den Acht Talún, 1965).

Ionannas foirme

Ní hamhlaidh, ar ndóigh, gur sa Chaighdeán Athbhreithnithe a tugadh suntas den chéad uair don ghinideach den ainm briathartha a bheith ar aon dul leis an aidiacht bhriathartha ar uairibh. Féach *Graiméar na Gaedhilge* (1901) leis na Bráithre Críostaí, mar shampla:

As a rule the genitive singular of the verbal noun is identical in form with the past participle; but many verbal nouns are declined like ordinary nouns: nearly all those ending in acht, áil, and amhain belong to the 3rd declension – e.g., gabháil, act of taking; gen., gabhála; rith, running; gen. reatha; leanamhain, act of following; gen. leanamhna; siubhal, act or walking; gen. siubhail; fás, act of growing; gen. fáis, &c.¹

Ní hamhlaidh, ach oiread, gur sa Chaighdeán Athbhreithnithe a cuireadh dí-shéimhiú an ainm bhriathartha sa ghinideach san áireamh den chéad uair i gcás inarb ionann foirm don ainm briathartha sin agus don aidiacht bhriathartha. Ina alt ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’ (2003) deir Micheál Ó Murchú, agus é ag cur síos ar an easpa séimhithe a bhíonn ar an gcáilitheoir neamhchinnte ainmfhoclach, dar leis, más é atá i gceist ná ‘cé leis nó cé lena ghaidh rud/duine’:

Is sa rannóg seo a bheifí ag súil le loime ar ghinideach ainm bhriathartha nuair is ionann foirm dó sin agus don aidiacht bhriathartha agus féidearthacht débhrí i gceist²

Ar na samplaí a thugann sé i ndiaidh na habairte sin tá ‘dabhach folctha’ agus ‘slat tumtha’, a dtugtar as Foclóir Uí Dhónaill iad. Ní hamhlaidh, áfach, go bhfuil an easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha, ná an easpa séimhithe ar ‘t’ tosaigh ar lorg focail dar críoch ‘t’, teoranta d’ainmneacha briathartha. Chomh maith leis sin, faoi mar a chonaiceamar sa chaibidil roimhe seo, faightear i bhfad Éireann níos mó samplaí san fhoclóir sin den séimhiú ar an ainm briathartha agus é ina cháilitheoir neamhchinnte ainmfhoclach faoi réir ag ainmfhocail baininsneach uatha ná mar a fhaightear de shamplaí den easpa séimhithe air. Cáilitheoir dar tús ‘f’ atá in dhá shampla as foinsí eile a thugann Micheál Ó Murchú, is iad sin ‘dabhach fothragtha’³ agus ‘straitéis

¹ *Graiméar na Gaedhilge leis na Bráithreachaibh Críostamhla* (BÁC 1901), lch 118 – cf. Iarscríbhinn 3 le Foscscríbhinn 2 a ghabhann leis an staidéar.

² Micheál Ó Murchú, *op. cit.*, lch 161.

³ Ní ghabhann aon tagairt leis an téarma seo in alt Uí Mhurchú ach féach fonóta 106 i gCaibidil 1.



forbartha'.⁴ Is as *Foclóir Parlaiminte* (2001) don sampla deiridh sin⁵ agus do na samplaí eile go léir a thugann Mac Uí Mhurchú, mar atá 'foirmle maoinithe',⁶ 'obair slachtaithe',⁷ 'seirbhís comórtha'⁸ agus 'seirbhís glanta'.⁹ Ar ndóigh, ní bhfaightear ach na téarmaí féin san fhoclóir sin, is é sin, bíonn siad leo féin, gan comhthéacs a thabharfadh léargas duit ar a mbeadh i gceist leo. Ar an lámh eile, faightear 'foirmle mhaoinithe' i bhfreagra scríofa ó Chomhthionól Thuaisceart Éireann ón mbliain 2010,¹⁰ 'obair shlachtaithe' ó Oifig Phreasa agus Chumarsáide

⁴ Arna thabhairt as Clive Leo McNeir agus Éamonn Ó hÓgáin, eag., *Foclóir Parlaiminte* (2001) – tabhair do d'aire, áfach, gur 'straitéis forbartha geilleagraí', *economic development strategy*, atá san fhoclóir sin, is é sin, go bhfuil aidiacht ag gabháil le 'forbairt' agus go bhfuil an dísheimhiú áirithe sin de réir an Chaighdeán Oifigiúil; é sin ráite, is líonmhaire na samplaí de 'straitéis forbartha' ná de 'straitéis fhorbartha' a fhaightear ar an idirlíon.

⁵ Féach an fonóta roimhe seo thuas.

⁶ *funding formula* in *Foclóir Parlaiminte*.

⁷ *a tidying-up exercise* in *Foclóir Parlaiminte*, s.v. 'slachtú', *tidying-up*.

⁸ *commemoration service* in *Foclóir Parlaiminte* – féach Caibidil 8 sa staidéar i dtaca le heaspa séimhithe ar ainmfhocail i gcoitinne atá faoi réir ag 'seirbhís' sa Chaighdeán Athbhreithnithe.

⁹ *cleaning service* in *Foclóir Parlaiminte* – cf. an nóta roimhe seo thuas.

¹⁰ *Minister of Education*: Maítear i bpolasaí mo Roinne um barrachais scoile go bhféadfar

Comhairle Contae Chiarraí ón mbliain 2004,¹¹ ‘seirbhís chomórtha’ ó Chumann Gaelach Eaglais na hÉireann ón mbliain 2014¹² agus ‘Seirbhís Ghlanta Ríomhairí’ in aguisín a ghabhann le Tuarascáil Údarás na Gaeltachta don bhliain 2006,¹³ le sampla amháin ón idirlíon de gach téarma díobhsan, agus séimhiú ar an ainm briathartha sa ghinideach ann, a thabhairt.

Murab ionann agus an Caighdeán Athbhreithnithe, tá le tuiscint ó alt Mhichíl Uí Mhurchú go nglacann seisean le séimhiú an ainm bhriathartha i gcás nach bhfuil débhríochas ann – ar na haicmí, nó na grúpaí, a leagann sé amach ina mbíonn séimhiú ar an gcáilitheoir neamhchinnte ainmfhoclach tá aicme nuair is ‘chun ruda’ atá i gceist sa cháilitheoir sa ghinideach agus, tar éis dó samplaí ar nós ‘bó mhaith bhainne’ agus ‘cloch fhaobhair’ a thabhairt, deir sé:

Tá samplaí ann de ghinideach ainm bhriathartha mar cháilitheoir, agus gníomhú i gceist, agus séimhiú air (gan aon débhrí)¹⁴

Ar na samplaí a thugann sé tá ‘corr chasta’ agus ‘lámh chuidithe’, as Foclóir Uí Dhónaill.¹⁵ Tá ‘samplaí gan ghníomhú’ san aicme nó sa ghrúpa sin, chomh maith, a deir sé, ina dhiaidh sin, agus, i dteannta an tsampla ‘culaith chaite gach aon lae’

scioleanna coigiltí a thiomsú thar thréimhse roinnt blianta agus nach rachaidh an ábaltacht chun a leithéid de choigiltí a dhéanamh i bhfeidhm ar a bhfoirmle mhaoinithe i mblianta iardain.... *My Department’s policy on school surpluses states that schools may accumulate savings over a period of several years and the ability to make such savings will in no way affect their formula funding in subsequent years.*’ (<http://archive.niassembly.gov.uk/qandal2007mandate/writtenans/2010/101022.htm>) – faightear samplaí eile i leagan Gaeilge de litir ó Roinn Oideachais na Breataine sa bhliain 2013 (http://www.deni.gov.uk/class_sizes_applications_letter_2013_14.pdf); ar Nua-Chorpas na hÉireann faightear an sampla seo a leanas ón mbliain 2004: ‘comhairliúchán chun comhfhóirmlé mhaoinithe a bhunú chun seirbhís FHE imeasctha agus chomhsheasmhach a sholáthar’ (*www, Sinn Féin: Intreoir do Shinn Féin*); cf. na tagairtí ar lch 61 anseo do ‘oibríocht mhaoinithe’ agus ‘saincheist mhaoinithe’ in Achtanna ó na blianta 1982 agus 2010 faoi seach.

¹¹ Ó Nua-Chorpas na hÉireann: ‘Chuir na srianta crúibe is béil i 2001 isteach ar obair shlachtaithe sa luathshéasúr’ (arna fhoilsiú ar an idirlíon ag an Oifig thuasluaite sin de chuid Chomhairle Contae Chiarraí).

¹² ‘Is ócáid bhródúil í dúinn gurb í an tSeirbhís Idirchreidmheach seo an chéad seirbhís chomórtha don Chumann i 2014’ (<http://www.gaeleaglais.ie/seirbhisi/>).

¹³ Tagairt atá ann do sheirbhís ar an bhFál Charrach i nDún na nGall (<http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2012/06/2006-Annual-Report-Tables.pdf>) – ar ndóigh, faightear níos mó samplaí ar an idirlíon de ‘seirbhís ghlantacháin’ (*cleansing service* in *Foclóir Parlaiminte*); féach go dtugtar tús áit do ‘seirbhís ghlantóireachta’ ar www.tearma.ie s.v. *cleaning service*.

¹⁴ Micheál Ó Murchú, *op. cit.*, lch 153.

¹⁵ Ar na samplaí gan foinsí a thugann sé tá ‘bean chabhartha’, ‘bean chainte’, ‘buíon chosanta’, ‘cliath fhuirte’, ‘léim sheachanta’ agus ‘sciath chosanta’ – tugann sé ‘lámh tharrthála’ as Foclóir Uí Dhónaill, chomh maith (tá de dhifear idir é sin agus ‘lámh chuidithe’ thuas nach ionann foirm don ghinideach den ainm briathartha agus don aidiacht bhriathartha sa chás sin).

a thabhairt, as Foclóir Uí Dhónaill,¹⁶ tugann sé ‘aois phósta’, ‘caoi phósta’ agus ‘intinn phósta’ as scríbhinní leis an gConallach Seán Bán Mac Meanman.¹⁷ Agus, níos faide ar aghaidh sa chuid sin dá alt, tugann sé ‘bean bhailithe ticéad’ agus ‘foireann cheaptha polasaí’, is é sin, ginideach den ainm briathartha le cuspóir á leanúint.¹⁸

Aistritheoirí

Le blianta beaga anuas táthar tar éis díriú ar an ionannas foirme seo idir foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha agus foirm na haidiachta briathartha i réimse an aistriúcháin, faoi thionchar foilseachán le Maolmhaodhóg Ó Ruairc le linn dó bheith ina aistritheoir le Comhairle na nAirí san Aontas Eorpach ach go háirithe. In ‘Treoracha d’Aistritheoirí Gaeilge’ a d’eisigh Aonad na Gaeilge d’Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin sa Choimisiún Eorpach ar an 4 Nollaig 2009, scríobhadh mar a leanas faoin gceannteideal ‘An ginideach débhríoch a sheachaint’:

Is féidir débhrí a bheith ag roinnt le téarmaí ar nós ‘údarás cláraithe’; ní léir cé acu *registered authority* nó *registration authority* atá i gceist.¹⁹

Agus i mír dar teideal ‘Aidiacht Bhriathartha agus Ginideach an Ainm Bhriathartha’, ar shuíomh gréasáin a bunaíodh ar na mallaihbh d’aistritheoirí ach go háirithe,²⁰ deir Antain Mac Lochlainn:

Is ionann foirm, go minic, don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha. Is údar débhríochta é sin i gcásanna áirithe. Tá sampla maith ag Maolmhaodhóg Ó Ruairc ar leathanach 18 den leabhar *Aistrigh Leat*: ‘Cé a thuigfeadh go gciallaíonn “deimhniú comhlíonta” a *certificate of conformity*?’²¹

Dar le Mac Lochlainn gurb ‘é a thuigfeadh an gnáthdhuine as sin [i.e. as ‘deimhniú comhlíonta’] ná a *fulfilled certificate* nó a leithéid.’ Ar ndóigh, ní chabhródh riail nua an Chaighdeáin Athbhreithnithe leis an aistritheoir i gceachtar cás acu sin thuas

¹⁶ Tugann sé ‘easair chodlata’ as Foclóir Uí Dhónaill, chomh maith (arís, tá de dhifear idir an sampla sin agus ‘culaith chaite gach aon lae’ thuas nach ionann foirm don ghinideach den ainm briathartha agus don aidiacht bhriathartha sa chás seo).

¹⁷ Seán Bán Mac Meanman, *Cnuasach Céad Conlach* (eag. Séamas Ó Cnámhsí, 1989), lch 88, 88 agus 165, faoi seach (in Micheál Ó Murchú, *op. cit.*, lch 153); tugann sé ‘fáir chodlata’ as an gcnuasach céanna, chomh maith (féach an fonóta roimhe seo thuas), mar aon le sampla amháin gan aon fhoinsé ag gabháil leis, ‘áit chónaithe’.

¹⁸ Micheál Ó Murchú, *op. cit.*, lch 153 – ní thugann sé aon fhoinsí don dá shampla sin, ná do ‘ócáid bhronnadh duaiseanna’, a thugann sé díreach rompu, ach oiread.

¹⁹ ‘Treoracha d’Aistritheoirí Gaeilge’ ar an suíomh http://ec.europa.eu/translation/irish/irish_en.htm.

²⁰ www.aistear.ie.

²¹ Is amhlaidh gur ‘conradh comhlíonta’ atá in *Aistrigh Leat*, ach ní dhéanann sin difear don sliocht sin thuas.

– i gcás ‘údarás cláraithe’ ná ‘deimhniú comhlíonta’ – ós rud é go bhfuil an t-ainm briathartha faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha iontu araon.²² Réiteach eile ar fad, seachas an díshéimhiú, atá molta i gcáipéis an Choimisiúin Eorpaigh:

Mura bhfuil brí an téarma soiléir sa chomhthéacs ina bhfuil sé, moltar ceann de na hiarmhíreanna ainmfhoclaacha ‘-úcháin/acháin’ agus ‘-(a)íochta’ a úsáid, e.g., ‘údarás clárúcháin’.

Moltar leithéidí ‘ionstraimí daingnithe’, ‘beartas onnmhairithe’ agus ‘meicníocht athbhreithnithe’ a sheachaint mar aistriúchán ar *instruments of ratification, export policy* agus *review mechanism*, faoi seach, agus ‘meicníocht athbhreithniúcháin’, ‘ionstraimí daingniúcháin’ agus ‘beartas onnmhairiúcháin’ a úsáid ina n-áit – arís tabharfar faoi deara nach mbeadh aon mhaitheas le riail an Chaighdeáin Athbhreithnithe i gcás aon sampla acu sin.²³ Tabhair do d’aire, mar shampla, gur mar ‘táillí ceadúnais chraolacháin’ a aistrítear *broadcasting licence fees* in Acht ón mbliain 1966,²⁴ murab ionann agus ‘táillí ceadúnais chraolta’, a fhaightear in Acht ón mbliain 1976.²⁵

Tugann Antain Mac Lochlainn rogha eile fós, de bhreis ar rogha na hiarmhíre ainmfhoclaí. Agus é ag cur i gcás go bhfuil *funding agency* á aistriú ag scríbhneoir, deir sé:

Má mheasann an scríbhneoir go bhfuil débhríocht thromchúiseach ag baint le ‘gníomhaireacht mhaoinithe’ (*a funded agency?*) is féidir (1) réamhfhocal nó focail eile a úsáid chun an tuiséal ginideach a chur ar ceal, m.sh. ‘gníomhaireacht a chuireann maoiniú ar fáil’, nó (2) an chríoch ‘-cháin’ a chur leis an ainm briathartha, m.sh. ‘gníomhaireacht mhaoiniúcháin’.

In *Aistrigh go Gaeilge: Treoirleabhar*, deir Maolmhaodhóg Ó Ruairc:

Ar an téarma Béarla *a case of circumvention* tá sa Fhraincis *affaire dans laquelle*

²² Is amhlaidh atá i gcás ‘trealamh díchódaithe’ – an sampla a thugann Mac Lochlainn den ‘debhríocht’ seo in *Cruinneas* (BÁC 2015), lch 10 – chomh maith.

²³ Tabhair do d’aire go ndéantar na moltaí sin thuas a cháiliú mar a leanas: ‘Moltar, áfach, gan an iarmhír ainmfhoclach a chur le hainmfhocal mura gnás é sin, is é sin le rá, mura bhfuil an fhoirm sin den ainmfhocal luaite sna foclóirí ná in úsáid sa reachtaíocht. Tá “lipéadú” ann, cuir i gcás, ach níl “lipéadúchán” ann; ní ceart é a úsáid, dá bhrí sin.’ Cuirtear ‘achán’ nó ‘uchán’ le hainmneacha briathartha áirithe ‘d’á innsint gur gníomhartha is minic a deintear iad’, nó ‘gur fada a leantar díobh’, de réir Chormaic Uí Chadhlaigh, in *Gnás na Gaedhilge*, lch 188.

²⁴ ‘comhionann le hiomlán na bhfáltas sa bhliain sin i leith táillí ceadúnais chraolacháin’, *equal to the total of the receipts in that year in respect of broadcasting licence fees* (alt 2 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1966).

²⁵ ‘iomlán fáltas na bliana sin i leith táillí ceadúnais chraolta’, *the total of the receipts in that year in respect of broadcasting licence fees* (alt 8(a) den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976).

la réglementation a été contournée. Cad a déarfai sa Ghaeilge: ‘cás imchéimnithe’! Sárfhocal traidisiúnta is ea ‘imchéimniú’, ach is beag ciall atá leis san abairt sin. An mithid don Ghaeilge lorg na Fraincise a leanúint agus ‘cás ina ndearnadh na rialacháin a imchéimniú’ a rá?²⁶

Níos faide ar aghaidh sa treoirleabhar, tagraíonn an Ruarcach do cheist sin an ghinidigh den ainm briathartha a bheith ar aon dul leis an aidiacht bhriathartha²⁷ agus deir ‘Más mian le duine *pollution pressure* a rá, b’fhéarr “brú truaillithe” a sheachaint agus “brú ón truailliú” a rá.’ Ina dhiaidh sin, díríonn sé mar a leanas ar cheist an tséimhithe sa chomhthéacs seo:

Ansin tá ‘aois toilithe’, *age of consent*, nuair nach séimhítear an ‘t’ toisc gur ainmfhocal é dar tús ‘t’ i ndiaidh ‘s’ Cad a chiallódh ‘aois thoilithe’? Más féidir ‘tá an tír truaillithe’ a rá, is féidir ‘tá an aois sin toilithe’ a rá, nó is é sin an ‘aois thoilithe’. Tuigtear ansin nach ainmfhocal ach aidacht é ‘toilithe’ sa chás sin. Ach má chuirtear ‘toilithe’ / ‘truaillithe’ le hainmfhocal dar críoch consan seachas ‘d, t, l, n, s’ ... mar ‘éidreoir’ nó ‘piseog’, is léir láithreach an fhadhb. An gciallaíonn ‘éidreoir thoilithe’ *imbecility of consent* nó *consented imbecility*, nó an ionann an chiall sa dá chás.²⁸

Ar ndóigh, léiríonn an comhthéacs a bhfuil i gceist, de ghnáth, agus ní bhíonn aon ghá le dul i muinín aon seifte chun a léiriú cé acu an ginideach den ainm briathartha nó aidiacht bhriathartha atá i gceist.²⁹ Mar shampla, fiafraíonn Antain

²⁶ Maolmhaodhóg Ó Ruairc, *Aistrigh go Gaeilge: Treoirleabhar* (BÁC 1997), lch 18-19. Tagraíonn an Ruarcach (*op. cit.*, lch 19) do léirmheas a rinne Diarmuid Ó Sé ar *Beginner’s Irish dictionary* (arna aistriú ag Yvonne Carroll) inar scríobh sé mar a leanas: ‘*Irish, like French, is given to round-about expressions of many adjectival concepts; just think of the train à grande vitesse, and compare inneall fuála and machine à coudre with “sewing-machine”*’ (*Teangeolas* 29, 1991, lch 44-45).

²⁷ Féach Maolmhaodhóg Ó Ruairc, *op. cit.*, lch 129: ‘... tá ciall agus míthuiscint i gceist má deirim “trúig thruaillithe”. Tig liom “fear maith” a rá, “tá an fear maith”, “tá sé maith”. Ach má thig liom “trúig thruaillithe” nó “tá an trúig truaillithe” nó “tá sí thruaillithe” a rá, ní thig liom “brú truaillithe” a rá. Nó ba chóra a rá go dtig liom é a rá, toisc gur ainmfhocal / ainm briathartha mar aon le haidiacht bhriathartha [atá ann] díreach mar a bhí i gcás “trúig thruaillithe” nó “talamh truaillithe” ach nach bhfuil aon chiall leis. ... Is léir go bhfuil ciall le “tráth ceiliúrtha” ach gur lú an chiall atá le “tráth truaillithe”.’

²⁸ *Ibid.*, lch 130.

²⁹ Féach go bhfágtar an t-ainm briathartha san ainmneach sa sampla seo a leanas: ‘is é an t-aonchuspóir chun a mbeidh sé ceaptha do rannpháirtí a chearta tarraingthe speisialta a úsáid freastal do riachtanais chomhardú íocaíochtaí’, *a participant will be expected to use its special drawing rights only to meet balance of payments needs* (alt 3(a) d’Airteagal xxv den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 1969) – tabhair do d’aire go bhfaightear an sampla seo a leanas dá leithéid, chomh maith, nuair nach ainm briathartha atá i gceist: ‘D’fhonn a áirithiú go soláthrófar leor-líon daoine oilte chun freastal do riachtanais ghníomhaíocht tionscail’, *For the purpose of ensuring*

Mac Lochlainn ‘An fiú “coiste forbraíochta” a scríobh seachas “coiste forbartha”, cuir i gcás?’ – níl ‘débhriocht thromchúiseach ar bith ann’, dar leis, ‘agus tuigtear nach a *developed committee* atá i gceist.’³⁰

Sa dá liosta a tugadh sa chaibidil roimhe seo d’ainmneacha briathartha faoi shéimhiú sna hAchtanna chonaiceamar gur braitheadh nár ghá deimhin a dhéanamh de sna cásanna sin nach measfadh duine gur bh í foirm na haidiachta briathartha a bhí i gceist leis na hainmneacha briathartha sin sa ghinideach. Feicimid anseo thíos go raibh ar a laghad dhá rogha eile ar fáil in Achtanna an Oireachtais ó 1922 i leith, de bhreis ar roghanna a moladh thuas, sa chás gur braitheadh go mbeadh débhríochas i gceist le foirm an ghinidigh den ainm briathartha agus chun a chur ar chumas an aistritheora deimhin a dhéanamh de nach mbeadh baol míthuisceana ann.

‘glactha’

De na heiseamláirí a thugtar sa Chaighdeán Athbhreithnithe den easpa séimhithe ar an ainm briathartha ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha dealraíonn sé nach raibh ach ceann amháin le fáil sa reachtaíocht go dtí sin, de réir na n-aistriúchán ar na hAchtanna ar an suíomh *www.achtanna.ie* agus ar shuíomh Thithe an Oireachtais, *www.oireachtas.ie*. Aistrítear *the receiving company* mar ‘an chuideachta glactha’ in ailt 21B(2)(b) agus 242A(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna gcur isteach le halt 43(1)(b) den Acht Airgeadais, 2008,³¹ agus le halt 55(1)(a) den Acht Airgeadais, 2010,³² faoi seach. Is é is dóichí gur in Acht sin 2008 thuas a aistríodh an téarma sin den chéad uair in Achtanna an Oireachtais.³³

the provision of a sufficient number of trained persons to meet the requirements of an activity of industry (alt 41(1) den Acht Oilíúna Tionscail, 1967).

³⁰ <http://www.aistear.ie/cruinneas.php?l=A>, arna cheadú ar an 18-19 Meán Fómhair 2012 – dealraíonn sé go bhfaightear ‘forbraíocht’ den chéad uair sna hAchtanna in Acht Airgeadais na bliana 1982, mar a bhfaightear an míniú seo a leanas (in alt 36(1) den Acht): ‘ciallaíonn “talamh forbraíochta” talamh sa Stát ar mó an chomaoín as í a dhiúscairt ... ná luach úsáide reatha na talún sin tráth na diúscartha a dhéanamh’, “*development land*” means land in the State the consideration for the disposal of which ... exceeds the current use value of that land at the time at which the disposal is made.

³¹ ‘aon díbhinn a fhaigheann cuideachta (dá ngairtear “an chuideachta glactha” sa mhír seo) a bheidh laistigh den réim cánach corparáide sa Stát a íocann cuideachta (dá ngairtear “an chuideachta íoca” sa mhír seo) as na brabúis ó thréimhse, déileálfar léi mar mhéid a íocadh as brabúis trádála na cuideachta íoca don thréimhse sin’, *a dividend received by a company (in this paragraph referred to as the “receiving company”) within the charge to corporation tax in the State which is paid by a company (in this paragraph referred to as the “paying company”) out of the profits of a period shall be treated as paid out of trading profits of the paying company for that period.*

³² ‘Tá feidhm ag an alt seo maidir le híocaíocht ríchíosanna ... le cuideachta (dá ngairtear “an chuideachta glactha” san fho-alt seo), *This section applies to a payment of royalties ... to a company (in this subsection referred to as the “receiving company”).*

³³ Sa bhliain 2007 tugadh in athuair faoi na hAchtanna a aistriú de réir mar a bhí siad á

Tá sampla againn in Acht ón mbliain 2007 agus in Acht ón mbliain 1999 de ‘glactha’ gan séimhiú agus é faoi réir ag ‘oifig’ agus ‘scéim’, faoi seach, is é sin, ‘oifig glactha’³⁴ agus ‘scéim glactha’.³⁵ Is minic i dteideal oifigiúil ar scéim éigin nach ndéantar ainmfhocal atá faoi réir ag ‘scéim’ a shéimhiú sna hAchtanna, agus is amhlaidh go n-áirítear ‘scéim’, in éineacht le roinnt bheag focal baininsneach eile, sa Chaighdeán Athbheithnithe mar fhocail nach bhfuil séimhiú le cur ar an ainmfhocal éiginnte atá faoina réir i dteideal aonaid riaracháin nó gnó.³⁶ Cé nach n-áirítear ‘oifig’ go sonrach ar na samplaí a thugtar sa Chaighdeán Athbheithnithe, bheadh sé ar aon dul le ‘scéim’ i gcás an díséimhithe de ann – díreofar ar ball thíos ar cheist an díséimhithe i dteidil aonad riaracháin, agus díreofar, chomh maith, ar cheist an díséimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscigh dar críoch consan caol (is amhlaidh go bhfaightear sampla de ‘glactha’ gan

n-achtú, oiread agus ab fhéidir, agus chuide sin éiríodh as Achtanna ó na nóchaidí anuas go dtí an bhliain sin nach raibh aistriú a aistriú, agus é i gceist go bhfillí ar a n-aistriú sin nuair a bheadh an deis ann. Is é is dóichí, mar sin, gur aistriódh Acht Airgeadais 2008 sular aistriódh Acht Airgeadais 2006, mar a bhfaightear an téarma *receiving company* agus é aistriú mar ‘cuideachta glactha’ arís: ‘tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíneithe ar “cuideachta glactha”, by inserting the following after the definition of ‘receiving company’ (alt 60(e)(i)(III) den Acht Airgeadais, 2006 – an tagairt sin do *receiving company* is tagairt í don téarma sin in alt 630 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997). Is in Acht Airgeadais 1992 – ar cosúil nach raibh sé aistriú (nó nach raibh aistriúchán air le fáil ar an suíomh www.achtanna.ie ná ar www.oireachtas.ie, más amhlaidh a bhí sé aistriú) roimh fhoilsiú an Chaighdeán Athbheithnithe, ná go ceann tamaill ina dhiaidh sin – a fhaightear an téarma *receiving company* den chéad uair sna hAchtanna, agus mínítear mar a leanas é in alt 64 den Acht sin: ‘*receiving company* means the company to which the whole or part of a trade is transferred in the course of a transfer – tá an t-aistriúchán seo a leanas air sin ar fáil anois ar www.oireachtas.ie: ‘ciallaíonn “cuideachta glactha” an chuideachta ar chuici a dhéantar trádáil iomlán nó cuid de thrádáil a aistriú i gcúrsa aistriúithe’ (<http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/1992/a992i.pdf>).

³⁴ ‘Oifig glactha an státchiste’, *Office of receipt of exchequer* (an Tábla i gCuid 4 de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2007).

³⁵ ‘Féadfaidh an Bord scéim a ullmhú ... ar scéim í ... lena leasófar scéim a bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo maidir léi (an “scéim glactha”) trí fhoráil a dhéanamh ... maidir le ciste arna bhunú leis an scéim glactha ... chun sócmhainní a aistreofar ó chiste arna bhunú le scéim eile ..., ar scéim í a bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo maidir léi (an “scéim aistriúeach”) agus ranníocaí is iníochta faoin scéim aistriúeach a ghlacadh’, *The Board may prepare ... a scheme ... which ... amends a scheme to which this subsection applies (the ‘receiving scheme’) by providing ... for a fund established by ... the receiving scheme to receive ... assets transferred from a fund established by ... another scheme to which this subsection applies (the ‘transferring scheme’) and contributions payable under the transferring scheme* (alt 19(1) den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1999).

³⁶ Tugtar an liosta seo a leanas sa Chaighdeán Athbheithnithe, lch 205: ‘*An Roinn Comhshaoil, an rannóg pearsanra, seirbhís comhairleoireachta, comhairle baile, comhairle contae, comhairle cathrach, scéim pinsean, scéim séarachais, scéim teanga, scoil breis-oideachais, monarcha brící* (monarcha a tháirgeann brící), *monarcha gáis, cuideachta margaíochta, feirm capall, aonaid clárúcháin, údaráis cúige, rannáin ceantair*’ – dírtear i gCaibidil 8 sa staidéar ar cheist an díséimhithe i dteideal aonaid riaracháin.

séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol in Acht ón mbliain 1967 [‘oifigigh glactha cánach’]³⁷ agus sampla gan séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach uatha [‘soláthar an ghairis glactha raidióchraolacháin’]³⁸ in Acht ón mbliain 2010).

Is beag, áfach, é líon na samplaí den díséimhiú sin i gcomórtas le líon na samplaí atá againn sna hAchtanna, ón mbliain 1923 i leith, den ghinideach uatha de ‘glacadh’ arna shéimhiú. Ag díriú dúinn ar shamplaí nach ngabhann cuspóir leis an ainm briathartha iontu in Achtanna le seacht mbliana déag anuas, faightear ‘seoladh láithreach an linbh sa tír ghlactha’³⁹ in Acht ón mbliain 1998 agus ‘ionstraim ghlactha’ in Acht ón mbliain 2010, mar shampla.⁴⁰ Ar shamplaí,

³⁷ ‘Foirm an Dearbhaithe a Dhéanfaidh an tArd-Bhailitheoir agus Oifigigh Glactha Cánach’, *Form of Declaration to be Made by the Collector-General and Officers for Receiving Tax* (Cuid I de Sceideal 17 a ghabhann leis an Acht Cánach Ioncaim, 1967) – tabhair do d’aire, ar láimh amháin, nach leithéid *Tax Reception Officers* atá á aistriú anseo agus, ar an lámh eile, gur moladh an díséimhiú in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* i gcás an bhrí ‘le haghaidh’ a bheith i gceist agus gur leanadh an treoir sin go rialta i Rannóg an Aistriúcháin i gcaitheamh na mblianta –féach Foscríbhinn 2 leis an staidéar.

³⁸ ‘na sonraí faoin méid cánach is inmhuirearaithe ag an duine cuntasach i leith an duine cuntasach do sholáthar an ghairis glactha raidióchraolacháin’, *the particulars of the amount of tax chargeable by the accountable person in respect of the supply by the accountable person of the radio broadcasting reception apparatus* (alt 73(1)(c) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010) – féach, áfach, alt 17(12)(a)(iii) den Acht Cánach Breisluacha, 1972: ‘na sonraí a thabhairt i scríbhinn don duine eile sin ar mhéid na cánach is inmhuirir ar an duine cuntasach i leith an ghairis ghlactha radio-chraolacháin’, *give to that other person in writing the particulars of the amount of tax chargeable to the accountable person in respect of the delivery by him of the radio broadcasting reception apparatus* (díreofar ar cheist an tséimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh arna chaolú sa ghinideach uatha i gCaibidil 13 den staidéar).

³⁹ *the child’s present address in the receiving country* (alt 3(r) d’Airteagal 78 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998) – féach alt 3, mar a bhfaightear sampla sa ghinideach, chun léargas a fháil ar a bhfuil i gceist le ‘tír ghlactha’ san Acht sin: ‘D’fhonn fillleadh leanaí, a aslonnaítear de bhun an Airteagail seo, ar a dteaghlaigh agus ar a dtír a éascú, déanfaidh údaráis an Pháirtí a shocraíonn an t-aslonnú agus, de réir mar is cuí, údaráis na tíre glactha, cárta ar a mbeidh grianghraif a bhunú le haghaidh gach linbh’, *With a view to facilitating the return to their families and country of children evacuated pursuant to this Article, the authorities of the Party arranging for the evacuation and, as appropriate, the authorities of the receiving country shall establish for each child a card with photographs.*

⁴⁰ ‘tar éis an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó cheadaithe dá dtagraítear in Airteagal 43 a thaisceadh’, *after the deposit of the third instrument of ratification, acceptance or approval referred to in Article 43* (Airteagal 46(1) den Choinbhinsiún sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Uchtála, 2010) – cf., mar shampla, alt 2 d’Airteagal XXIII den Chomhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (Ciste Tacaíochta Airgeadais) (Comhaontú), 1976: ‘ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhorhmeasa, nó fógra toilithe bheith faoi cheangal’, *an instrument of ratification, acceptance or approval, or a notification of consent to be bound.*

as sean-Achtanna, ina bhfuil cuspóir ag ‘glacadh’ sa ghinideach tá ‘aimsir ghlactha na n-ainmniúchán’⁴¹ agus ‘áit ghlactha na n-ainmniúchán’⁴² araon san Acht Timpeal Toghachán, 1923, ‘faisnéis ghlactha na hoifige’⁴³ in Acht ón mbliain 1927 agus ‘an áit ghlactha daoine breoite’⁴⁴ in Acht ón mbliain 1954.

In ‘stáisiúin ghlactha satailíte’,⁴⁵ in Acht ón mbliain 2007, tá sampla den séimhiú ar ‘glacadh’ sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol. Agus tagann an dá shampla seo a leanas den séimhiú ar ‘glacadh’ sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach ó Achtanna ó na blianta 1963 agus 1972, faoi seach: ‘chun an ghléis ghlactha’⁴⁶ agus ‘i leith gairis ghlactha radio-chraolacháin’.⁴⁷ Is amhlaidh go bhfaighimid séimhiú i sean-Achtanna ar ‘glacadh’ sa ghinideach ar lorg foirme den ghinideach uatha nach críoch consan caol – ‘Foirm an ordaithe ghlactha’,⁴⁸ in Acht ón mbliain 1981, agus ‘iarratasóir an mholadh ghlactha’⁴⁹ agus ‘éifeacht ordaithe ghlactha othair phríobháidigh’⁵⁰ araon in Acht ón mbliain 1945.

⁴¹ ‘roimh thosach aimsir ghlactha na n-ainmniúchán’, *before the commencement of the time for receiving nominations* (alt 6 i gCuid I den Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht Timpeal Toghachán, 1923).

⁴² *the place for receiving nominations* (alt 8 de Chuid I den Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht Timpeal Toghachán, 1923, mar shampla).

⁴³ ‘chó luath tar éis a thogtha agus bheidh faisnéis ghlactha na hoifige déanta aige’, *as soon after his election as he has made the declaration accepting office* (alt 9(3) den Acht um Thoghacháin Áitiúla, 1927).

⁴⁴ *the ... place for reception of sick persons* (alt 229(9) den Acht Cosanta, 1954).

⁴⁵ ‘An tOrdú um Acht Radio-Theagrafaíochta, 1926 (Alt 3) (Stáisiúin Chruinne Ghlactha Satailíte Fosaidh Áirithe a Dhíolmhú), 2000 (I.R. Uimh. 273 de 2000)’, *Wireless Telegraphy Act 1926 (Section 3) (Exemption of Certain Fixed Satellite Receiving Earth Stations) Order 2000 (S.I. No. 273 of 2000)* (alt 23 i gCuid 2 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, a cuireadh isteach le halt 18 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007).

⁴⁶ ‘aon ghléas a oibriú trína bhforleatar na comharthaí ... chun an ghléis ghlactha’, *the operation of any apparatus whereby the signals are transmitted ... to the receiving apparatus* (alt 2(5)(a) den Acht Cóipchirt, 1963); de réir an *Oireachtas Dictionary of Official Terms* thug Rannóg an Aistriúcháin ‘gléas ghlactha (aer-scéalta)’ agus ‘ceadúnas gléis ghlactha aer-scéalta’ d’Oifig an Phoist sna 1920aí mar aistriúchán ar *receiving set* agus *wireless receiving licence*, faoi seach.

⁴⁷ *in respect of radio broadcasting reception apparatus* (alt 20(2) den Acht Cánach Breisluacha, 1972 – cf. alt 17(12)(a)(iii)).

⁴⁸ *Form of reception order* (teideal taoibhe alt 24(1) den Acht Sláinte (Seirbhísí Meabhairghalar), 1981); cf. teideal taoibhe alt 7 den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945: ‘Iarratasóir ordaithe ghlactha i gcás othair phríobháidigh’, *Applicant for reception order in case of private patient*.

⁴⁹ ‘iarratasóir an mholadh ghlactha ar dá bhíthin a rinneadh an t-ordú’, *the applicant for the recommendation for reception in consequence of which the order was made* (alt 171(2) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945).

⁵⁰ ‘Éifeacht ordaithe ghlactha othair phríobháidigh’, *Effect of private patient reception order*

Faightear samplaí den séimhiú ar ‘glacadh’ sa ghinideach i Rialacháin ón Aontas Eorpach, chomh maith – leithéidí ‘an tír ghlactha’⁵¹ agus ‘an tsochaí ghlactha’,⁵² mar aon leis an sampla seo a leanas den séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh dar críoch consan caol sa ghinideach uatha: ‘glao-chomharthaí an tsoithigh dheontóra agus an tsoithigh ghlactha’.⁵³ Ar Bhunachar Téarmaíochta IATE (an tAontas Eorpach) ar an bhfoclóir leictreonach *www.terma.ie* faightear ‘conair raidió stáisiúin ghlactha’⁵⁴ agus, ar théarmaí eile a fhaightear ar an suíomh céanna sin, tá an téarma teileachumarsáide ‘aeróg ghlactha’⁵⁵ agus an téarma oideachais ‘scoil ghlactha’.⁵⁶



‘aeróg ghlactha’

Gan séimhiú

Ar ndóigh, tá go leor samplaí le fáil sna hAchtanna den ghindeach den ainm briathartha ‘glacadh’ nuair nach féidir feidhm a bhaint as seift idirdhealaithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe idir foirm an ghinidigh den ainm briathartha agus foirm na haidiachta briathartha ina gcás. Ar na samplaí d’fhoirm an ghinidigh de ‘glacadh’ ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha tá ‘fógra ghlactha’,⁵⁷ ‘gléas ghlactha’,⁵⁸

(teideal taoibhe alt 181 den Acht a luaitear san fhonóta dheireanaigh sin thuas).

- ⁵¹ ‘go bhfuil cónaí ar an úinéir deiridh sa tír ghlactha’, *that the ultimate owner resides in the receiving country* (Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011).
- ⁵² ‘gníomhaíochtaí lena gcuirtear teagmháil fhóinteach agus idirphlé cuiditheach idir náisiúnaigh tríú tíortha agus an tsochaí ghlactha chun cinn’, *actions that promote meaningful contact and constructive dialogue between third-country nationals and the receiving society* (Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014).
- ⁵³ *the call signs of the donor and receiving vessels* (Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010).
- ⁵⁴ *radio path of a receiving station.*
- ⁵⁵ *receiving aerial.*
- ⁵⁶ *receiving school*; faightear an téarma ‘foirm ghlactha’ ar Nua-Chorpas na hÉireann – cáipéis ar an idirlíon a bhaineann leis an Daonáireamh atá mar fhoinsé na n-iontrálacha atá i gceist.
- ⁵⁷ ‘iarrfaidh Cathaoirleach Ghasra Oibre an Euro i scríbhinn ar an gCoimisiún, thar ceann na nIasachtóirí, Fógra Glactha a chur in iúl’, *the Euro Working Group Chairman shall request in writing the Commission on behalf of the Lenders to communicate an Acceptance Notice* (alt 4.2 den Chomhaontú i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro, 2010).
- ⁵⁸ ‘i gcás ina ndéantar amharc-íomhánna a thaispeáint nó a astú le haon ghléas glactha chun a n-íompraítear iad trí chomharthaí leictreamhaighnéadacha a fhorleathadh’, *where visual images ... are displayed or emitted by any receiving apparatus, to which they are conveyed by the transmission of electromagnetic signals* (alt 2(5) den Acht Cóipchirt, 1963).

‘moladh glactha’,⁵⁹ ‘ordú glactha’,⁶⁰ ‘tráth glactha’⁶¹ agus ‘trealamh glactha’.⁶² Ní fhéadfaí dul i muintín an díshéimhithe chun idirdhealú a dhéanamh idir a leithéidí agus leithéid ‘an buiséad glactha’,⁶³ mar a bhfaightear aidiacht bhriathartha ar lorg ainmfhocail fhirinscigh uatha. Agus is mar a chéile é i gcás an ghinidigh de ‘glacadh’ ar lorg ainmfhocail bhainiscigh iolra, mar atá in ‘ionstraimí glactha’.⁶⁴

Faightear roinnt mhaith samplaí, chomh maith, den ghinideach de ‘glacadh’ agus cuspóir á leanúint i gcásanna nach mbeadh séimhiú le cur ar an ainm briathartha sa ghinideach – féach leithéidí ‘aer-shreanga glactha teachtaireachtaí’,⁶⁵ ‘ceart

⁵⁹ ‘I gcás inar mian go ndéanfaí duine a ghlacadh ... i lárionad síciatrach féadfar iarratas a dhéanamh san fhoirm fhorordaithe chuig lia-chleachtóir cláraithe ag iarraidh moladh (dá ngairtear moladh glactha san Acht seo) chun an duine sin a ghlacadh ... sa lárionad sin’, *Where it is desired to have a person received ... in a psychiatric centre application in the prescribed form may be made to a registered medical practitioner for a recommendation (in this Act referred to as a recommendation for reception) for the reception ... of that person in that centre* (alt 15(1) den Acht Sláinte (Seirbhísí Meabhairghalar), 1981); de réir an *Oireachtas Dictionary of Official Terms* thug Rannóg an Aistriúcháin ‘an Príomh-árus Glactha agus Tréineála’ ar an bhfón don Aire Cosanta (nó d’oifigeach in Oifig an Aire sin, is dócha), ar an 16 Feabhra 1926, mar aistriúchán ar *Reception and Training Depot*.

⁶⁰ ‘ordú san fhoirm fhorordaithe (dá ngairtear ordú glactha sa Chuid seo) go ndéanfar an duine a ghlacadh, a choinneáil agus a chur faoi chóireáil sa lárionad’, *make an order in the prescribed form (in this Part referred to as a reception order) that the person shall be received, detained and treated in the centre* (alt 23(3)(a) den Acht Sláinte (Seirbhísí Meabhairghalar), 1981) – cf. ‘ordú glactha othair’ ar ball anseo.

⁶¹ ‘seachas críocha a ndéanann an ball sin iad a eisiamh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt do thaisclann an Choinbhinsiúin seo tráth daingnithe, glactha nó formheasa, nó tráth dá éis sin’, *except those which are excluded by such member by written notice to the depository of this Convention either at the time of ratification, acceptance or approval or subsequently* (Airteagal 66 den Sceideal a ghabhann leis an Acht um an nGníomhaireacht Iltaobhach do Ráthú Infheistíochta, 1988) – ‘tráth daingnithe, glactha nó formheasa an Choinbhinsiúin’ atá i gceist.

⁶² ‘tarchuir sonraí is gá chun an chothabháil ... agus an t-uasdátú oiriúnach ar threalamh glactha a theastaíonn chun na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír seo a ghlacadh’, *transmissions of data necessary to ensure the proper maintenance ... and updating of receiving equipment required for reception ... of services referred to in this paragraph* (alt 130(1)(a)(v) den Acht Craolacháin, 2009).

⁶³ ‘Déanfaidh an chuideachta CFG ... cóip den bhuiséad glactha a chur faoi bhráid an údaráis rátúcháin’, *The BID company shall ... submit a copy of the adopted budget to the rating authority* (alt 199J(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna chur isteach le halt 6 den Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó), 2006).

⁶⁴ ‘agus a n-ionstraimí daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais á dtaisceadh acu’, *Upon deposit of their instruments of ratification, acceptance, approval or accession* (alt 4 d’Airteagal 7 sa Choinbhinsiún a ghabhann leis an Acht um Eiseachadadh (Coinbhinsiún an Aontais Eorpaigh), 2001).

⁶⁵ ‘aer-shreanga glactha teachtaireachtaí no scéal eile tré radio-thelegrafaíocht do chur suas’, *the erection ... of aerials for receiving messages or other communications by wireless telegraphy* (alt 33(i) den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927).

glactha úis’,⁶⁶ ‘dáta glactha an ghnímh’,⁶⁷ ‘dearbhu glactha oifige’,⁶⁸ ‘ordú glactha othair’⁶⁹ agus ‘trealamh glactha comharthaí’.⁷⁰

Roghanna eile

Más amhlaidh gur braithheadh baol a bheith ann gurb é a thuigfí, san earráid, as ‘cuid-eachta ghlactha’ ná ‘cuideachta atá glactha’ (nó ‘cuideachta a bhí / a bheidh glactha’) agus nach raibh sé soiléir ón gcomhthéacs nárbh in é a bhí i gceist leis, bhí roghanna eile ar fáil ag an aistriitheoir a bheadh dílis do na fasaigh sna hAchtanna agus *receiving company* á aistriú aige nó aici in áit an séimhiú a bhaint de ‘ghlactha’.⁷¹

Rogha amháin a bhí aige nó aici ná dul i muinín na timchainte. Ag díriú dúinn ar aistriúcháin neamhdhíreacha ar *receiving* sna hAchtanna, aistrítear *the receiving registrar* mar ‘an cláraitheoir a gheobhaidh an agóid’ in Acht ón mbliain 2010⁷²

⁶⁶ ‘ceart glactha aon úis áirithe ... is iníochta ... ar na hurrúis sin’, *the right to receive any particular interest payable ... in respect of the said securities* (alt 6(1) den Acht Airgeadais, 1938).

⁶⁷ ‘cúig bliana tar éis dháta glactha an Ghnímh ag dréachtú an Phrótacail seo’, *five years after the date of the adoption of the act drawing up this Protocol* (alt 2 d’Airteagal 18 den Phrótacal i Sceideal 9 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001) – cf. ‘dáta glactha an leasaithe’, *the date of the adoption of the amendment* (alt 17(3) d’Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998).

⁶⁸ ‘Go dtí go mbeidh an chéad Mhéara toghtha agus an dearbhú glactha oifige is gá do réir dlí déanta aige’, *Until the first Mayor has been elected and has made the declaration accepting office which is required by law* (alt 18(2) den Acht Rialtais Áitiúla (Gaillimh), 1937).

⁶⁹ ‘ciallaíonn an abairt “ordú glactha” ordú glactha othair ionmhuirir, ordú glactha othair phríobháidigh ...’, *the expression “reception order” means a chargeable patient reception order, a private patient reception order ...* (alt 3 den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945) – cf. ‘ordú glactha’ roimhe seo thuas.

⁷⁰ ‘trealamh tarchurtha agus glactha comharthaí’, *signal transmission and reception equipment* (alt 2 sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Luachála, 1988).

⁷¹ Féach, chomh maith, go mbaintear leas as foirm an ghinidigh den ainm briathartha ‘fáil’ chun *receiving*, in *receiving waste water works*, a aistriú: ‘más rud é ... gur sáraíodh ... acmhainn na n-oibreacha dramhuisce fála’, *if ... the capacity of the receiving waste water works has been ... exceeded* (alt 65(2) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007) – féach gur ‘glactha’ atá ar *receiving* sa chomhthéacs seo a leanas i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin: ‘Maidir le scardaí ... do dhul isteach in oibreacha dramhuisce, beidh siad faoi réir cibé réamhchóireála a cheanglófar chun an méid seo a leanas a bhaint amach: ... a chinntiú nach ndéanann scardaí ó ghléasraí cóireála dochar do shláinte daoine ... nó nach gcoisceann siad uiscí glactha ar aon Treoracha ón gComhphobal Eorpach a chomhlíonadh’, *Discharges ... entering waste water works shall be subject to such pre-treatment as required in order to ... ensure that discharges from treatment plants do not adversely affect human health ... or prevent receiving waters from complying with any European Community Directives*.

⁷² ‘déanfaidh an cláraitheoir a gheobhaidh an agóid í a chur faoi bhráid Chláraitheoir Maoirseachta an limistéir clárúcháin a bhfuil an cláraitheoir eile sannta chuige’, *the receiving*

agus aistrítear *the receiving member* mar ‘an comhalta a gheobhas é’ in Acht ón mbliain 1957.⁷³ Agus is mar ‘an Chumhacht a aistroidh iad agus an Chumhacht a ghlacfaidh iad’ a aistrítear *the transferring and receiving Powers* in Acht ón mbliain 1962.⁷⁴

Agus dá mba mhian leis an aistritheoir *receiving company* a aistriú go díreach, focal ar fhocal, ach gan an t-ainm briathartha sa ghinideach a úsáid, bhí roghanna eile aige nó aici, chomh maith. D’fhéadfadh an t-aistritheoir leas a bhaint as an nginideach d’fhoirm ainmfhoclach, seachas an t-ainm briathartha, bunaithe ar ‘glac’. Faightear dhá fhoirm ar leith de mhalairt ar ‘glactha’ sna fasaigh, mar atá ‘glacaidh’ agus ‘glacadóireachta’. Faightear ‘glacaidh’ mar aistriúchán ar *receiving* sa téarma *receiving state*, ‘stát glacaidh’ – san Acht Uchtála, 2010, mar shampla, mínítear mar a leanas a bhfuil i gceist leis an téarma sin i gcomhthéacs an Achta sin: ‘ciallaíonn “stát glacaidh”, i ndáil le huchtáil idir tíortha, an stát ina bhfuil cónaí rialta ar uchtaitheoirí ionchasacha an linbh’.⁷⁵ Tagraítear don ‘Stát sallchuir’ agus don ‘Stát glacaidh’ araon mar a leanas san Acht um Chaidreamh agus Díolúine

registrar shall refer the objection to the Superintendent Registrar of the registration area to which the other registrar is assigned (alt 59F(2)(a) den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004, arna chur isteach le halt 16 den Acht um Páirtneireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010) – seo a leanas an téacs a ghabhann roimhe seo: ‘Más rud é nach bhfuil an cláraitheoir a gheobhaidh agóid faoi fho-alt (1) sannta chun an limistéir clárúcháin céanna a bhfuil an cláraitheoir dár tugadh an fógra faoi alt 59B sannta chuige (nó, i gcás gur ordaíodh díolúine faoi fho-alt (2) den alt sin, an cláraitheoir atá chun an pháirtneireacht shibhialta a chlárú)’, *If the registrar who receives an objection under subsection (1) is not assigned to the same registration area as the registrar to whom the notification was given under section 59B (or, where there has been an exemption ordered under subsection (2) of that section, the registrar who is to register the civil partnership)* (alt 59F(2)).

⁷³ ‘Más in airgeadraí seachas airgeadra an chomhalta féin a déanfar na híocaíochtaí sin, ní chuirfidh na comhaltaí srian le haistriú an airgeadra ná leis an gcomhalta a gheobhas é dá úsáid tar éis a íoctha’, *If such payments are made in currencies other than the members own currency, the transfer of the currency and its use by the receiving member after payment shall be without restriction by the members* (alt 14(b) d’Airteagal v i gCuid II den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957).

⁷⁴ ‘Má aistrítear imtheorannaithe de réir Airteagal 45, comhaontóidh an Chumhacht a aistroidh iad agus an Chumhacht a ghlacfaidh iad ar an gcion de na costais thuasluaite a bheidh de mhuipear ar gach Cumhacht ar leith díobh’, *If internees are transferred in accordance with Article 45, the transferring and receiving Powers shall agree on the portion of the above costs to be borne by each* (Airteagal 135 den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).

⁷⁵ Alt 3(1), mar aistriúchán ar ‘*receiving state*’, *in relation to an intercountry adoption, means the state in which the prospective adopters of a child are habitually resident* – cf. san fho-alt céanna sin: ‘ciallaíonn “uchtáil idir tíortha” uchtáil linbh ar a bhfuil cónaí rialta i stát (an “stát tionscnaimh”) ... agus a aistríodh ... isteach i stát eile (an “stát glacaidh”), ‘*intercountry adoption*’ means the adoption of a child habitually resident in a state (the ‘state of origin’) ... who has been ... transferred into another state (the ‘receiving state’).

Taidhleoireachta, 1967: ‘Is iad, *inter alia*, feidhmeanna misiúin taidhleoireachta ... ionadaíocht don Stát sallchuir a dhéanamh sa Stát glacaidh’.⁷⁶ Agus faightear ‘glacaidh’ faoi shéimhiú ar lorg na huimhreach iolra de ‘Stát’ san Acht sin, chomh maith: ‘tar éis fógra cuí a thabhairt do na Stáit ghlacaidh lena mbainfidh’.⁷⁷

Is i gcomhthéacs na teileachumarsáide a bhaintear leas as an bhfoirm ghinideach ‘glacadóireachta’, comhthéacs ina bhfaightear samplaí de ‘glactha’, chomh maith, mar a chonaiceamar thuas. Aistríonn ‘gaires tarchurtha agus glacadóireachta’ *sending and receiving apparatus* san Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983,⁷⁸ agus aistríonn ‘gléasanna glacadóireachta raidió agus teilifíse’ *radio receiving sets and television receiving sets* in Acht ó na seachtóidí.⁷⁹ Faightear ‘ceadúnais ghlacadóireachta’ ar *receiving licences* i dteideal Ionstraime Reachtúla ón mbliain 2001,⁸⁰ i gcomórtas le ‘stáisiúin chruinne ghlactha satailíte fosaidh’ ar *fixed satellite receiving earth stations* i dteideal Ionstraime Reachtúla ón mbliain roimhe sin⁸¹ – féach go dtugtar na téarmaí cumarsáide ‘stáisiún glacadóireachta’ (*receiving station*) agus ‘gléas glacadóireachta’ (*receiving set*) i bhFoclóir Uí Dhónaill (1977).

Agus is amhlaidh, chomh maith, gur baineadh leas as an nginideach de ‘glacadóireacht’ lasmuigh de chomhthéacs na teileachumarsáide in Achtanna luatha. San Acht Oifigigh Cúirte, 1926, is mar ‘Breitheamh Glacadóireachta’ agus mar ‘an Scrúdóir Glacadóireachta’ a aistrítear *Receiver Judge*⁸² agus *the Receiver-*

⁷⁶ Alt 1 d’Airteagal 3 de Choinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht (mar aistriúchán ar *The functions of a diplomatic mission consist inter alia in ... representing the sending State in the receiving State*).

⁷⁷ In alt 1 d’Airteagal 5 den Choinbhinsiún thuasluaite sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht (mar aistriúchán ar *after it has given due notification to the receiving States concerned*).

⁷⁸ ‘gaires tarchurtha agus glacadóireachta cineál-cheadaithe a chur i gceangal le pointe ceangail líne telex a sholáthair Bord Telecom Éireann’, *connecting type-approved sending and receiving apparatus to the connecting point of a telex line supplied by Bord Telecom Éireann* (Cuid II sa Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin).

⁷⁹ Mír (xxix) sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, arna hionadú le halt 26(e) den Acht Cánach Breisluacha (Leasú), 1978. De réir an *Oireachtas Dictionary of Official Terms* tá ‘líomataíste glacadóireachta’ ar *receiving area* in eagrán den *Iris Oifigiúil* a foilsíodh sa bhliain 1922 nó 1923.

⁸⁰ ‘Na Rialacháin Chraolacháin (Ceadúnais Ghlacadóireachta) (Leasú), 2001’, *Broadcasting (Receiving Licences) (Amendment) Regulation, 2001* (I.R. Uimh. 349 de 2001).

⁸¹ Tugadh an teideal iomlán roimhe seo thuas – féach fonóta 45.

⁸² ‘pé gnó a dintí sna hoifigí a bhain le Breitheamh Talmhan na Roinne sin an tSeansaileura ar a n-áirítear na hoifigí a bhain leis an mBreitheamh san mar Bhreitheamh Glacadóireachta’, *such business as was formerly transacted in the offices attached to the Land Judge of the said Chancery Division including the offices attached to that Judge in his capacity of Receiver Judge* (alt 13).

*Examiner*⁸³ faoi seach. Agus is mar ‘árus glacadóireachta i mbaile’ a aistrítear *town receiving depot* in Acht ón mbliain 1931.⁸⁴

Aidiacht

Rogha eile fós a bhí ag an aistritheoir a mheas go raibh débhríochas ag roinnt le ‘cuideachta ghlactha’ mar aistriúchán ar *receiving company* ná feidhm a bhaint as aidiacht bunaithe ar ‘glac’. Agus is amhlaidh go bhfaightear a leithéid i dteannta ‘cuideachta’ in dhá Acht éagsúla, mar aistriúchán ar *adopting* agus *transferee*. In Acht ón mbliain 1938 aistrítear *adopting company* mar ‘cuideachta ghlacathach’⁸⁵ agus aistrítear *transferee companies* mar ‘cuideachtana glacthacha’ in Acht ón mbliain 1936.⁸⁶ Ar Bhunachar Téarmaíochta IATE (an tAontas Eorpach) ar an bhfoclóir leictreonach www.tearma.ie aistrítear *receiving UCITS* mar

⁸³ ‘... déanfidh agus cólíonfa sé pé dualgaisí agus feidhmeanna a dintí nó a feidhmítí ... ag an bPríomh-Ghlacadóir nó ag an Scrúdóir Glacadóireachta’, *The Examiner ... shall perform and fulfil such duties and functions as were formerly performed or fulfilled ... by the Chief Receiver or the Receiver-Examiner* (alt 14).

⁸⁴ ‘cialluíonn an abairt “ionoighrecht bhóthair iarainn” ionoighrecht ionráitithe ar leithligh i seilbh chuideachtan bóthair iarainn chun crícheanna a ngnótha ach ní fholuíoíonn sí ... aon tigh ósta, ... áit chomhnaithe, oifig bhaile ná árus glacadóireachta i mbaile’, *the expression “railway hereditament” means a separate rateable hereditament occupied by a railway company for the purposes of its undertaking but does not include ... any hotel, ... residence, town office or town receiving depot* (alt 1(1) d’Acht na mBóthar Iarainn (Luacháil i gcoir Rátaíochta), 1931).

⁸⁵ ‘Má dheineann cuideachta árachais (dá ngairmtear Cuideachta Ghlacathach san alt so), nach Cuideachta Rannpháirteach agus nach iad an Chuideachta Fhoirceanntach ná an Bhuan-Chuideachta iad ach is cuideachta go mbíonn gnó árachais saoil nó gnó árachais tionnscail ... ar siúl acu in Éirinn, có-aontú ... roimh dháta an aistrithe leis an gCuideachta Fhoirceanntach chun gnó árachais saoil nó gnó árachais tionnscail na Cuideachtan Glacathaghe sin ... d’aistriú chun na Cuideachtan Foirceanntaighe sa mhéid go mbíonn an gnó no na gnóthaí sin ar siúl in Éirinn’, *If an assurance company (in this section referred to as an Adopting Company) which is not a participating Company, the Terminating Company, or the Permanent Company, but which carries on in Ireland the business of life assurance or the business of industrial assurance ..., enters before the transfer date into an agreement ... with the Terminating Company for the transfer to the Terminating Company of the life assurance business or the industrial assurance business ... of such Adopting Company so far as such business or businesses is or are carried on in Ireland* (alt 19(1) den Acht Árachais (Leasú), 1938).

⁸⁶ ‘chun gach saghas eile gnótha árachais ... a bhíonn ar siúl ag na cuideachtana bunathóireachta san fé seach d’aistriú go dtí cuideachta no cuideachtana éigin eile le Saorstát Éireann (dá ngairmtear na cuideachtana glacthacha sa Chuid seo den Acht so)’, *the transfer to some other Saorstát Éireann company or companies (in this Part of this Act referred to as the transferee companies) of the several other classes of assurance business carried on by such promoting companies respectively* (alt 28(1) den Acht Árachais, 1936); tabhair do d’aire go dtagraítear do *transfer*, chomh maith, sa mhíniú a chonaicemar roimhe seo sa staidéar seo ar *receiving company* in alt 64 den Acht Airgeadais, 1992 (*‘receiving company’ means the company to which the whole or part of a trade is transferred in the course of a transfer*) – féach fonóta 33 thuas.

‘GCUI glacthach’⁸⁷ – tugtar ‘glacach’ mar fhoirm chaighdeánach na haidiachta ‘glacthach’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, mar a n-áirítear *receptive* ar an dara brí atá le ‘glacach’.⁸⁸

Cuideachtaí eile

Is minic sna hAchtanna go mbíonn (i) aidiacht nó (ii) ainmfhocal sa ghinideach, seachas ainm briathartha sa ghinideach, mar aistriúchán ar fhoirm dar críoch *-ing* sa Bhéarla, ar nós *receiving* in *receiving company* thuas. Go fiú faighimid samplaí dá leithéidí mar aistriúcháin ar théarmaí eile ina bhfaightear *company* san Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú – is é sin, an tAcht, arna leasú, ónar tugadh sampla de ‘cuideachta glactha’ as dhá alt éagsúla de roimhe seo thuas.⁸⁹ Is mar ‘cuideachta ghéillte’, le séimhiú ar an ainm briathartha, a aistrítear *surrendering company* in alt amháin den Acht sin, arna leasú,⁹⁰ ach in alt eile den Acht, arna leasú, aistrítear *surrendering company* mar ‘cuideachta ghéillteach’.⁹¹ Agus ar théarmaí eile san Acht céanna sin, arna leasú, ina bhfaightear an t-ainmfhocal ‘cuideachta’ agus aidiacht á cháiliú tá ‘cuideachta aistritheach’ (*transferring company*),⁹² ‘an

⁸⁷ Is ionann ‘GCUI’ agus ‘gnóthas le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe’ – féach <http://iate.europa.eu/iatediff/SearchByQuery.do?method=searchDetail&lilid=3504467&langId=&query=receiving&sourceLanguage=en&domain=0&matching=&start=0&next=1&targetLanguages=ga>.

⁸⁸ Tugtar *hand-like*, *grasping* mar phríomhbhrí na haidiachta sin agus *forked* mar bhrí eile fós.

⁸⁹ I dtaca leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú, cé go ndealraíonn sé nach bhfuil an tAcht féin aistrithe go fóill (féach fonóta 33 thuas i dtaca le hAchtanna neamhais-trithe ó na nóchaidí i leith), tá go leor leasuithe déanta ar an Acht sin in Achtanna ó shin i leith, ar Achtanna iad atá aistrithe, i roinnt cásanna. Agus i dtaca leis an bhfoirm Bhéarla dar críoch *ing*, féach fonóta 129 ar lch 366, mar a dtráchtar ar alt dar teideal ‘V + *ing*: *It Walks like an Adjective, It Talks like an Adjective*’, le Hagit Borer.

⁹⁰ ‘gurb é A an méid réamhchánach arna híoc ag an gcuideachta ghéillte de réir fho-alt (2B) don tréimhse iomchuí’, *A is the amount of preliminary tax paid in accordance with subsection (2B) by the surrendering company for the relevant period* (alt 958(11)(a) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 47(1)(d) den Acht Airgeadais, 2007) – cf. ‘ciallaíonn ‘stát géillte’ an Ballstát iomchuí ina bhfuil cónaí, chun críocha cánach, ar an gcuideachta ghéillte’, *surrendering state* means the relevant Member State in which the surrendering company ... is resident for the purposes of tax (alt 420C(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 48(1)(b) den Acht Airgeadais, 2007); tá go leor samplaí de ‘cuideachta ghéillte’ le fáil in Acht sin 2007.

⁹¹ ‘méid aon bharrachais muirear ... a bheidh tabhaithe ag cuideachta ghéillteach’, *the amount of any excess of charges ... incurred by a surrendering company* (alt 448(3)(b)(iii) d’Acht 1997, arna ionadú le halt 53(1)(b) den Acht Airgeadais, 2005) – ní thugtar ‘géillteach’ i bhFoclóir Uí Dhónaill ach amháin mar leagan neamhchaighdeánach de ‘géilliúil’ (*submissive, obedient; compliant; credulous* in FGB).

⁹² ‘dá leanfadh an cuideachta aistritheach de na sócmhainní a aistríodh a úsáid chun críocha a trádála i leith aon sócmhainní’, *if the transferring company had continued to use the transferred assets for the purposes of its trade* (alt 633A(5)(b) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 60(e)(ii) den Acht Airgeadais, 2006).

chuideachta bhunaitheach’ (*the founding company*),⁹³ ‘cuideachta cháilitheach’ (*qualifying company*),⁹⁴ ‘an chuideachta chónaitheach’ (*the resident company*)⁹⁵ agus ‘cuideachta fhreagrach’ (*responsible company*).⁹⁶ Díol spéise an tslí go bhfaightear an aidiacht ‘cáilitheach’ mar aon leis an aidiacht bhriathartha ‘cáilithe’ in alt amháin den Acht, arna leasú: ‘cuideachta cháilitheach ar chuideachta cháilithe í, a *qualifying company which is a qualified company*.⁹⁷

Is é an ginideach den ainmfhocal seachas an ginideach den ainm briathartha a fhaightear in ‘cuideachta íoca’, ar *paying company*,⁹⁸ san Acht céanna, arna leasú, agus faightear ‘an chuideachta fála’ ar *the acquiring company*.⁹⁹ Agus is ainmfhocal seachas aidiacht a cháilíonn ‘cuideachta’ i gcás roinnt téarmaí eile san

⁹³ ‘i gcás gurb é Bord Soláthair an Leictreachais an chuideachta bhunaitheach’, *in a case where the founding company is the Electricity Supply Board* (mír 11(3)(c)(i) de Sceideal 12 a ghabhann le hAcht 1997, arna ionadú le halt 8 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001) – is aidiacht nach bhfaightear mar cheannfhocal i bhFoclóir Uí Dhónaill atá in ‘bunaitheach’.

⁹⁴ ‘ciallaíonn “deimhniú infheistíochta” urrús ... a eisiúnn cuideachta cháilitheach chuig duine’, *investment certificate means a security which ... is issued by a qualifying company to a person* (alt 267N(1) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 39 den Acht Airgeadais, 2010) – cf. alt 508A(1) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 19(1)(g) den Acht Airgeadais, 2007.

⁹⁵ alt 127L(1)(a) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 27(a) den Acht Airgeadais, 1999.

⁹⁶ Mír 9G(1)(a) de Sceideal 24 a ghabhann le hAcht 1997, arna cur isteach le halt 63(d) den Acht Airgeadais, 2006.

⁹⁷ Alt 110(2)(a) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 32 den Acht Airgeadais, 1999; faightear ceannfhocal ‘cáilitheach’, *qualifying*, i bhFoclóir Uí Dhónaill; i dtaca le ‘cáilithe’, féach alt 847(10)(a) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 48(c) den Acht Airgeadais, 2010: ‘más rud é ... gur thabhaigh cuideachta cháilithe caillteanas ... ar ghníomhaíochtaí trádála coigríche cáilithe’, *where ... a qualified company incurred a loss ... on qualified foreign trading activities* – mar shamplaí eile d’aidiachtaí briathartha in Acht sin 1997, arna leasú, féach ‘cuideachta chomhlachaithe’, *associated company* (alt 486C(1)(a), arna chur isteach le halt 34(1)(a) den Acht Airgeadais, 2011), agus ‘an chuideachta chéadluaite’, *the ‘first-mentioned company’* (alt 831, arna chur isteach le halt 29(a) den Acht Airgeadais, 1999); tabhair do d’aire gurb í an aidiacht seachas an aidiacht bhriathartha a fhaightear mar aistriúchán ar *connected* san abairt seo a leanas: ‘íocaíocht arna déanamh leis an gcuideachta bhainteach’, *payment made to the connected company* (alt 81(2)(n)(iii)(II), arna chur isteach le halt 37(1)(b) den Acht Airgeadais, 2007).

⁹⁸ ‘in aon chás ... ina dtarlaíonn ... go n-íocann aon cheann de na cuideachtaí comhdhlúite (dá ngairtear an ‘cuideachta íoca’ sa mhír seo) díbhinn le cuideachta nach ceann de na cuideachtaí comhdhlúite í (dá ngairtear an ‘cuideachta fála’ sa mhír seo)’, *in any case where ... a dividend is paid ... by any one of the consolidated companies (in this paragraph referred to as the ‘paying company’) to a company that is not one of the consolidated companies (in this paragraph referred to as the ‘recipient company’)* (mír 9G(1) i Sceideal 24 a ghabhann le hAcht sin 1997, arna cur isteach le halt 63(d) den Acht Airgeadais, 2006).

⁹⁹ Alt 616(3A)(a)(i) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 60(c) den Acht Airgeadais, 2007; cf. ‘ciallaíonn “cuideachta fála” cuideachta theoranta atá corpraithe sa Stát’, *acquiring*

Acht, arna leasú – ‘cuideachta cumaisc’ (*merging company*),¹⁰⁰ ‘an chuideachta infheistíochta’ (*the investing company*)¹⁰¹ agus ‘an chuideachta roghnúcháin’ (*the electing company*).¹⁰² Féach, chomh maith, an t-ainmfhocal agus an chopail in ‘an chuideachta is fostóir’ (*the employing company*).¹⁰³

Cuideachtaí in Achtanna eile

Ag díriú dúinn ar na hAchtanna trí chéile, i gcás ‘Cuideachta Sholáthair Leictreachais Chorcaighe, Teoranta’¹⁰⁴ tá cuspóir ag an ainm briathartha ‘soláthar’ agus faightear dhá shampla sna hAchtanna den mhúnla sin nuair is ionann foirm don ainm briathartha sa ginideach ar lorg ‘cuideachta’ agus don aidiacht bhriathartha – ‘cuideachta iniúchta coirí’¹⁰⁵ agus ‘cuideachta mhargaithe prátaí’.¹⁰⁶

Faightear ‘cuideachta ghéillte’ (*surrendering company*) – a tugadh thuas as an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú – sna hAchtanna ón Acht Cánach Corparáide, 1976, i leith.¹⁰⁷ Ní fhéadfaí an t-idirdhealú atá curtha chun cinn sa

company’ means a limited company which is incorporated in the State (alt 80A(1) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, arna chur isteach le halt 104(1) den Acht Airgeadais, 2006) – arís, tabhair do d’aire nach bhfuil séimhiú ar an nginideach de ‘fáil’ anseo, ag teacht leis an easpa séimhithe ar ‘f’ i go leor téarmaí eile (fch Caibidlí 15-16).

¹⁰⁰ ‘Tá feidhm ag an alt seo más rud é ... go bhfuil cónaí chun críocha cánach i mBallstát ar gach cuideachta cumaisc’, *This section applies where ... each merging company is resident for the purposes of tax in a Member State* (alt 633A(3) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 60(e)(ii) den Acht Airgeadais, 2006) – tabhair do d’aire nach bhfuil séimhiú ar an nginideach de ‘cumasc’ anseo.

¹⁰¹ ‘ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le hiasacht a thugtar don chuideachta infheistíochta chun íoc as airgead’, *subsection (2) shall not apply to a loan to the investing company to defray money* (alt 247(4A)(a) d’Acht sin 1997, arna chur isteach le halt 65(1)(b) den Acht Airgeadais, 2006).

¹⁰² ‘más rud é ... go roghnóidh an chuideachta infheistíochta agus cuideachta (dá ngairtear ‘an chuideachta roghnúcháin’ sa mhír seo) atá bainteach léi i gcomhpháirt déanamh amhlaidh’, *where ... the investing company and a company (in this paragraph referred to as the ‘electing company’) connected with it jointly so elect* (alt 247(4A)(e) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 65(1)(b) den Acht Airgeadais, 2006).

¹⁰³ ‘cibé acu is í nó nach í an chuideachta is fostóir í’, *whether the employing company or not* (alt 122A(2) d’Acht 1997, arna chur isteach le halt 15(1) den Acht Airgeadais, 1998) – faightear ‘an chuideachta fostaíochta’ ar *the employing company* in alt 16(3) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967.

¹⁰⁴ *the Cork Electric Supply Company, Limited* (alt 2 d’Acht Trambhealach Chorcaighe (Cúiteamh d’Fhostaithe), 1933).

¹⁰⁵ ‘ó chuideachta nó ó chomhlachas iniúchta coirí’, *from a boiler inspecting company or association* (alt 41(7B)(a) den Acht Monarchan, 1955, arna chur isteach le halt 32 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal, 1980).

¹⁰⁶ ‘Cuideachta Mharguithe Prátaí na hÉireann, Tta.’, *Irish Potato Marketing Co. Ltd.* (Uimh. Thag. 6 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Ráthaíocht Stáit, 1954).

¹⁰⁷ Féach alt 107(1) den Acht Cánach Corparáide, 1976: ‘Féadfaidh cuideachta (dá ngairtear “an chuideachta ghéillte”) is comhalta de ghrúpa cuideachtaí faoiseamh a ghéilleadh ... i leith

Cd.XI

Grúp-fhaoiseamh.

107.—(1) Féadfaidh cuideachta (dá ngairtear “an cuideachta ghéillte”) is comhalta de ghrúpa cuideachtaí faoiseamh a gheilleadh de réir na bhforálacha seo a leanas den Chuid seo i leith cailteanais trádála agus suimeanna eile atá i dteideal faoisimh ó cháin chorparáide agus, ar chuideachta eile (dá ngairtear “an chuideachta éilimh”) is comhalta den ghrúpa céanna do dhéanamh éilimh, féadfar an faoiseamh sin a lamháil don chuideachta éilimh ar mhodh faoisimh ó cháin chorparáide da ngairtear “grúp-fhaoiseamh”.

Chaighdeán Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm agus ‘géilleadh’ sa ghinideach uatha faoi réir ag ‘cuideachta’ sa ghinideach uatha, mar a fhaightear in alt 107(2) den Acht deiridh sin, is é sin, ‘scairchaipiteal na cuideachta géillte nó na cuideachta sealbhaíochta’ (*the share capital of the surrendering or holding company*). Agus is amhlaidh gur mar ‘cuideachta ghéillteach’ a aistrítear *surrendering company* in alt 34 den Acht Airgeadais, 1988, lena ndéantar alt 116A(2)(a) a chur isteach san Acht Cánach Corparáide, 1976.¹⁰⁸

Ar aon dul le ‘cuideachta ghéillte’ ~ ‘cuideachta ghéillteach’ faighimid ‘cuideachta chónasctha’ mar aistriúchán ar *amalgamating company* in Acht amháin¹⁰⁹ agus ‘cuideachta chónascthach’ in Acht eile¹¹⁰ – san alt céanna san Acht deiridh sin is amhlaidh go n-aistríonn ‘cuideachta chónasctha’ *amalgated company*.¹¹¹

cailteanais trádála’, *Relief for trading losses ... may ... be surrendered by a company (called the “surrendering company”) which is a member of a group of companies* – cf. alt 45(1) den Acht Airgeadais, 1983: ‘I gcás ina mbeidh cuideachta (dá ngairtear “an chuideachta ghéillte” ina dhiaidh seo san alt seo) tar éis méid éigin de luathcháin chorparáide a íoc i leith ... díbhinní a d’íoc sí ..., agus más rud é ... go n-áireofaí an chuideachta ghéillte mar chomhalta de ghrúpa cuideachtaí chun críocha grúp-fhaoisimh ..., féadfaidh sí ... sochar an mhéid sin go léir ... a gheilleadh d’aon chuideachta (dá ngairtear “an chuideachta fála” ina dhiaidh seo san alt seo) a d’áireofaí ... mar chomhalta den ghrúpa cuideachtaí céanna’.

¹⁰⁸ ‘más rud é ... go dtabhóidh an chuideachta ghéillteach cailteanas ó dhíol earraí nó barrachas muirear ar ioncam a íocadh chun críche earraí a dhíol’, *if ... the surrendering company incurs a loss from the sale of goods or an excess of charges on income paid for the purpose of the sale of goods* (alt 116A(2)(a) den Acht Cánach Corparáide, 1976, arna chur isteach le halt 34 den Acht Airgeadais, 1988) – tugtar ‘géilliúil’ mar fhoirm chaighdeánach an cheannfhocail ‘géillteach’ i bhFoclóir Uí Dhónaill.

¹⁰⁹ ‘aon chuideachta chomhnasctha nó cuideachta chomhghafa’, *any amalgamating company or absorbed company* (alt 127 den Acht Iompair, 1944).

¹¹⁰ ‘cuideachta chó-nascthach’, *amalgamating company* (alt 1 d’Acht na mBóthar Iarainn, 1924); tabhair do d’aire go n-aistrítear *scheme of amalgamation* mar ‘scéim chó-naisc’ san Acht um Rialtas Áitiúil (Forálacha Sealadacha), 1923, agus, de réir an *Oireachtas Dictionary of Official Terms*, gur thug Rannóg an Aistriúcháin ‘scéim có-nascthachta’ don Roinn Tionscail agus Tráchtála sna 1920aí mar aistriúchán ar an téarma Béarla sin.

¹¹¹ ‘an chuideachta chó-nasctha’, *the amalgamated company* (alt 1 den Acht san fhonóta deireanach sin thuas).

Ar théarmaí eile sna hAchtanna i gcoitinne ina bhfaightear aidiacht ar lorg ‘cuid-eachta’ tá na cinn seo a leanas:

- ‘cuideachta bhunaitheach’ (*founding company*),¹¹²
- ‘cuideachta choimircíochta cháilitheach’ (*qualifying sponsoring company*),¹¹³
- ‘an chuideachta fhoirceantach’ (*the terminating company*),¹¹⁴
- ‘an chuideachta leanúnach’ (*the continuing company*)¹¹⁵
- agus ‘cuideachta rannpháirteach’ (*participating company*).¹¹⁶

Tá roinnt samplaí sna hAchtanna d’ainmneacha briathartha sa ghinideach ar lorg ‘cuideachta’ nuair nach ionann foirm don ghinideach sin agus don aidiacht bhriathartha – ‘cuideachta eisiúna’ (*issuing company*),¹¹⁷ ‘cuideachta cheannaigh’ (*purchasing company*),¹¹⁸ ‘cuideachta dhéileála’ (*a dealing company*)¹¹⁹ agus ‘cuideachta thrádála’ (*trading company*).¹²⁰ Agus ar théarmaí eile sna hAchtanna i gcoitinne ina bhfaightear ainmfhocal ar lorg ‘cuideachta’ mar aistriúchán ar fhoirm Bhéarla dar críoch *-ing* tá na cinn seo a leanas:

- ‘cuideachta bhaincéireachta’ (*banking company*),¹²¹

¹¹² ‘i gcás gurb é Bord Soláthair an Leictreachais an chuideachta bhunaitheach’, *in a case where the founding company is the Electricity Supply Board* (mír 11(3)(c)(i) de Sceideal 12 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna hionadú le halt 8 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001).

¹¹³ ‘Cuideachta choimircíochta cháilitheach’, *Qualifying sponsoring company* (teideal taoibhe alt 22 den Acht Airgeadais, 1986).

¹¹⁴ ‘an Chuideachta Fhoirceanntach’, *the Terminating Company* (alt 1(1) den Acht Árachais (Leasú), 1938).

¹¹⁵ Alt 2 d’Acht Chuideachta na Mianraí, 1945.

¹¹⁶ Alt 1(1) den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1986.

¹¹⁷ ‘ciallaíonn “cuideachta eisiúna”, i ndáil le dí-fhrithpháirtiú, cuideachta fála’, *‘issuing company’, in relation to a demutualisation, means an acquiring company* (alt 80A(1) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, arna chur isteach le halt 104(1) den Acht Airgeadais, 2006).

¹¹⁸ ‘i gcás gur ball de ghrúpa an chuideachta cheannaigh’, *where purchasing company is member of group* (teideal taoibhe alt 64 den Acht Airgeadais, 1991).

¹¹⁹ ‘is “cuideachta dhéileála” cuideachta i ndáil le sealbhán dá gcuirfí brabús as díol an tsealbháin i gcuntas le linn brabúis trádála na cuideachta a bheith á ríomh’, *a company is ‘a dealing company’ in relation to a holding if a profit on the sale of the holding would be taken into account in computing the company’s trading profits* (alt 139(4) den Acht Cánach Corparáide, 1976).

¹²⁰ ‘tríd an míniú seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar “cuideachta thrádála”’, *by the insertion before the definition of ‘trading company’ of the following definition* (alt 79(b) (i) den Acht Airgeadais, 1999) – cf. an fonóta a ghabhann le ‘cuideachta feirmeoireachta’ anseo thíos.

¹²¹ ‘I gcás cuideachta bhaincéireachta a cláraíodh tar éis an 15ú lá de Lúnasa, 1879’, *In the case of a banking company registered after the 15th day of August, 1879* (alt 156(2) d’Acht na gCuideachtaí, 1963; féach alt 373(1), chomh maith, mar shampla) – cf. ‘an

- ‘cuideachta bhunaitheoireachta’ (*promoting company*),¹²²
 ‘cuideachta choimircíochta’ (*sponsoring company*),¹²³
 ‘cuideachta chomharbais’ (*succeeding company*),¹²⁴
 ‘cuideachta feirmeoireachta’ (*farming company*),¹²⁵
 ‘cuideachta loingseoireachta’ (*shipping company*),¹²⁶
 ‘cuideachta mhianadóireachta’ (*mining company*),¹²⁷
 ‘cuideachta mhuilleoireachta’ (*milling company*),¹²⁸
 ‘cuideachta shealbháíochta’ (*holding company*)¹²⁹ agus

Chuideachta Bhaincéireachta Tráchtála, Teoranta’, *the Commercial Banking Company, Limited* (alt 344(4) den Acht Cánach Ioncaim, 1967 – féach alt 67 den Acht Aturnaethe, 1954, chomh maith); faighimid ‘cuideachta baincéireachta’ (i.e., gan séimhiú) in alt 7(2) (c) den Acht um Cheantálaithe agus Gníomhairí Tithe, 1967, agus in ailt 8(1)(c)(iii) agus 20(1) den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960.

- ¹²² ‘cuideachta bhunathóireachta’, *a promoting company* (alt 29(2) den Acht Árachais, 1936).
- ¹²³ Féach ‘Cuideachta choimircíochta cháilitheach’ thuas, sa liosta d’aidiachtaí a cháilíonn ‘cuideachta’.
- ¹²⁴ ‘an chuideachta chomharbais’, *the succeeding company* (alt 42(2)(b)(i) den Acht Airgeadais, 1980).
- ¹²⁵ ‘cuideachta ar chuideachta thrádála nó feirmeoireachta í’, *a company which has been a trading or a farming company* (alt 26(6)(a) den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975) – cf. alt 42 den Acht Airgeadais, 1991.
- ¹²⁶ Alt 2 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1933.
- ¹²⁷ “‘Cuideachta Mhianadóireachta an Iarthair, Teoranta,’ is ainm don chuideachta’, *The name of the company is ‘The Western Mining Company, Limited’* (alt 1 i dTábla B sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí, 1963) – cf. ‘Cuideachta Mhianadóireachta na hÉireann’, *Mining Company of Ireland* (an mhír dheiridh sa Tábla sa Sceideal a ghabhann le hAcht an Orduithe Shealadaigh um Oibreacha Uisce Ráth Dúin Uimh. 1 (Daingniú), 1923).
- ¹²⁸ ‘Acht Bóthair Iarainn Chuideachta Mhuilneoireachta Chorcaighe, 1935’, *the Cork Milling Company Railway Act, 1935*.
- ¹²⁹ ‘an Chuideachta Shealbháíochta’, *the Holding Company* (alt 1 den Acht Siúcra, 1991) – cf. ‘ciallaíonn “cuideachta shealbháíochta” cuideachta shealbháíochta (de réir bhrí alt 155 d’Acht na gCuideachtaí, 1963)’, *‘holding company’ means a holding company (within the meaning of section 155 of the Companies Act 1963)* (alt 2(1) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010), agus ‘measfar cuideachta a bheith ina cuideachta shealbháíochta ag cuideachta eile i gcás ... an chuideachta eile sin a bheith ina fochuideachta di’, *a company shall be deemed to be another’s holding company if ... that other is its subsidiary* (alt 155(4) d’Acht na gCuideachtaí, 1963 – cf. alt 107 d’Acht na gCuideachtaí, 1990, agus alt 18(2)(b) den Acht um Iontaobhais Aonad, 1972); tabhair do d’aire an aidiacht shealbhach idir ‘cuideachta’ agus ‘sealbháíochta’ in alt 18(2)(b) den Acht um Iontaobhais Aonad, 1972: ‘ina fhochuideachta nó ina chuideachta shealbháíochta leis an mbainisteoir nó leis an iontaobhaí nó ina fhochuideachta le cuideachta a shealbháíochta cheachtar acu nó ina chuideachta shealbháíochta le fochuideachta cheachtar acu’, *the manager’s or trustees subsidiary or holding company or a subsidiary of the holding company of either of them or a holding company of the subsidiary of either of them*. Tá ‘cuideachta shealbháíochta’ ina théarma dlí ar *holding company* ón Ordú Téarmaí Dlithiúla Gaeilge (Uimh. 9), 1950 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 291 de 1950), i leith – faightear ‘Cuideachta

‘cuideachta soillsiúcháin’ (*lighting company*).¹³⁰

Baintear leas as an gcopail le ‘cuideachta’ sna téarmaí seo a leanas:

‘an chuideachta is dáilteoir’ (*the distributing company*),¹³¹

‘an chuideachta is iasachtaí’ (*the borrowing company*)¹³²

agus ‘an chuideachta gur leo ...’ (*the owning company*).¹³³

Ar deireadh anseo, ar son na críochnúlachta, tugtar na samplaí seo a leanas as na hAchtanna den aidiacht bhriathartha ar lorg ‘cuideachta’:

‘an chuideachta bheartaithe’ (*the proposed company*),¹³⁴

‘cuideachta chláráithe’ (*a registered ... company*),¹³⁵

‘fo-chuideachta cheadaithe’ (*an approved subsidiary*),¹³⁶

shealbhach Bhreataineach’, *British holding Company*, in alt 1 den Acht um an *Industrial and Life Assurance Amalgamation Company, Limited* (Scaireanna a Thógaint), 1947.

¹³⁰ ‘Cuideachta Trambhealaighe Leictreacha & Soillsiúcháin Chorcaighe, Teo.’, *the Cork Electric Tramways & Lighting Company, Ltd.* (an Scaideal a ghabhann leis an Acht Gnótha Leictreachais (Buanú Éilithe), 1924) – fch alt 1 d’Acht Soillsiú agus Comhacht Leictreiciúil Shligigh, 1924: ‘Ar bheith riththe don Acht so atharófar ainm Chuideachta Geas-Sholuis Shligigh agus tabharfar Cuideachta Soillsiú agus Comhacht Leictreiciúil Shligigh ortha’, *The name of The Gaslight Company of Sligo shall be changed upon the passing of this Act to The Sligo Lighting and Electric Power Company.*

¹³¹ Alt 25(8)(c) den Acht Cánach Corparáide, 1976, arna chur isteach le halt 40(3) den Acht Airgeadais, 1982.

¹³² Alt 5(3) den Acht Déantóireachta Siúcra (Leasú), 1962.

¹³³ ‘iníochta leis an gcuideachtain gur leo an líne’, *payable to the owning company* (alt 8 d’Acht na mBóthar Iarainn, 1924).

¹³⁴ ‘Maidir le scéim chomhshó chun críocha fho-alt (2) ... luafar inti, i ndáil leis an gcuideachta bheartaithe, méid an scairchaipitil údaraithe bheartaithe agus an méid den chaipiteal sin a bheartaítear a eisiúint tráth an chomhshó, *A conversion scheme for the purposes of subsection (2) shall ... state in relation to the proposed company the amount of the proposed authorised share capital and the amount of such capital proposed to be issued on conversion* (alt 101(3) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989).

¹³⁵ ‘ciallaíonn “conraitheoir cógaisíochta pobail” cógaiseoir cláráithe, cuideachta chláráithe nó comhlacht corpraithe cláráithe eile a sholáthraíonn seirbhísí d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi chomhaontú ... chun seirbhísí cógaisíochta pobail a sholáthar do dhaoine láncháilithe’, *‘community pharmacy contractor’ means a registered pharmacist, company or other body corporate that provides services to the Health Service Executive under an agreement... for the provision of community pharmacy services to eligible persons* (alt 59(1E) den Acht Sláinte, 1970, arna chur isteach le halt 1(a) den Acht Sláinte (Leasú) (Uimh. 2), 2010).

¹³⁶ ‘Féadfaidh an tAire ó am go ham aon aicme nó aicmí scaireanna leis an gCuideachta nó le fo-chuideachta cheadaithe a fháil ó am go ham trí shuibscríobhadh nó ceannach’, *The Minister may from time to time acquire by subscription or purchase any class or classes of shares of the Company or an approved subsidiary company* (alt 3 den Acht Déantóireachta Siúcra (Leasú), 1962).

‘cuideachta chleamhnaithe (*an affiliated company*),¹³⁷
‘cuideachta dhíscaoilte’ (*a dissolved company*),¹³⁸
‘an chuideachta mheasúnaithe’ (*the company assessed*)¹³⁹
agus ‘cuideachta shonraithe’ (*a specified company*).¹⁴⁰

De ghnáth, léiríonn an comhthéacs gurb í an aidiacht bhriathartha seachas an ginideach den ainm briathartha atá i gceist i gcás na n-iontrálacha sa liosta deiridh sin thuas, mar a fheictear sna fonótaí a ghabhann leis na hiontrálacha sin.

Mar fhocal scoir anseo, mar sin, agus mar achoimre ar a bhfuil léirithe thuas, más amhlaidh, i gcás ‘cuideachta ghlactha’, nár léir ón gcomhthéacs cé acu an ginideach den ainm briathartha nó aidiacht bhriathartha a bhí i gceist, bhí de rogha ag aistritheoirí Achtanna an Oireachtais dul i muinín ‘cuideachta ghlacthach’ nó ‘cuideachta ghlacaidh’, agus *receiving company* á aistriú acu, in áit imeacht ó ghnásanna na nAchtanna féin, agus ó thraidisiún scríofa agus labhartha na teanga i gcoitinne – agus, cinnte, níor ghá riail nua sin an Chaighdeáin Athbhreithnithe a cheapadh le go bhféadfaí débhríochas nó baol míthuisceana a sheachaint i gcás lín fhíortheoranta téarmaí.

¹³⁷ ‘a chur faoi deara do chuideachta chleamhnaithe nó d’fhochuideachta iarratas a dhéanamh ar cheadúnas faoi alt 14’, *cause an affiliated company or a subsidiary company to apply for a licence under section 14* (alt 14A(3)(b) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna chur isteach le halt 13 den Acht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Margadh Leictreachais Aonair), 2007).

¹³⁸ ‘ní ligfeair isteach ar an gcomórtas ach daoine atá nó a bhí ar fostú ag cuideachta dhíscaoilte de réir bhrí Acht 1944, ag gnóthaire díscailte ...’, *only persons in or who have been in the employment of a dissolved company within the meaning of the Act of 1944, a dissolved undertaker ...* (alt 35(2)(c) den Acht Iompair, 1950, arna chur isteach le halt 12 den Acht Iompair, 1964).

¹³⁹ ‘Tabharfaidh an cigire fógra don chuideachta mheasúnaithe ... i dtaobh gach measúnacht a bheidh déanta aige’, *The inspector shall give notice to the company assessed ... of every assessment made by him* (alt 144(3) den Acht Cánach Corparáide, 1976).

¹⁴⁰ ‘fógra ginearálta go bhfuil comhalta den Choiste ina chomhalta de ghnólacht sonraithe nó de Chuideachta shonraithe agus go mbeidh sé le meas gur duine é ag a mbeidh leas in aon idirbheart ina dhiaidh sin leis an ngnólacht nó leis an gcuideachta sin’, *A general notice that a member of the Committee is a member of a specified firm or Company and is to be regarded as interested in any subsequent transaction with such firm or company* (alt 12 den Acht um Choiste Reiligiú Bhaile Átha Cliath, 1970).

Idirdhealú curtha ar ceal i gCaighdeán Oifigiúil 1958

Áirítear ceithre ghrúpa ainmneacha briathartha sa Chaighdeán Oifigiúil arb ‘ionann foirm de ghnáth do ghinideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha’ acu.¹ Is ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar ghuta atá sa dara grúpa díobhsan.² Tá an grúpa seo ar cheann den dá mhórghrúpa ainmneacha briathartha sa Ghaeilge.³ Agus leasú chomh mór sin á dhéanamh sa Chaighdeán Athbhreithnithe ar an gCaighdeán Oifigiúil d’fhonn idirdhealú a dhéanamh idir foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha agus foirm na haidiachta bhriathartha, is díol suntais é go bhfuarthas réidh i gCaighdeán Oifigiúil 1958 le bealach chun idirdhealú a dhéanamh idir an dá fhoirm sin fad a bhain le sciar mór d’ainmneacha bhriathartha an ghrúpa áirithe seo, is é sin, ainmneacha bhriathartha dar críoch ‘-ú’.

Ní bhfaightear de chur síos ar an ainm bhriathartha sa réamhrá a ghabhann le *Gramadach na Gaeilge agus Litríú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1958) ach na trí abairt seo a leanas:

Sna hainmneacha bhriathartha féachadh leis na foircinn iomadúla a thabhairt chun rialtacha. De ghrá na simplíochta, agus ar iarratas múinteoirí agus daoine eile, cuireadh ar ceal an mhalairt litrithe don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha i gcás ainmneacha bhriathartha den

¹ Rachfar trí na grúpaí sin ina gceann agus ina gceann sa chaibidil seo – féach lch 36-37 thuas i dtaca leis an ngrúpa ainmneacha bhriathartha a mbíonn dhá fhoirm acu sa ghinideach, arb ionann foirm amháin díobh agus foirm na haidiachta bhriathartha.

² Is amhlaidh nach bhfuil ainmneacha bhriathartha an ghrúpa seo teoranta do chinn ‘a chríochnaíonn ar ghuta fada’, mar a chuirtear in iúl go mícheart sa Chaighdeán Athbhreithnithe (toisc, is dócha, gur ainmneacha bhriathartha dar críoch guta fada atá sa bheagán samplaí a thugtar sa mhír áirithe seo den Chaighdeán Oifigiúil ina gcuirtear síos ar na ceithre ghrúpa ainmneacha bhriathartha). Sa Chaighdeán Oifigiúil féin, ó 1958 ar aghaidh, is mar ‘ainmneacha bhriathartha a chríochnaíonn ar ghuta’ a cuireadh síos ar ainmneacha bhriathartha an ghrúpa seo. Baineann ainmneacha bhriathartha dar críoch guta gairid, chomh maith le cinn dar críoch guta fada, leis an ngrúpa nó is ionann foirm do ghinideach uatha an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha i gcás ‘breo’, ‘dreo’, ‘feo’, ‘lua’ agus ‘reo’ (a áirítear sa Chaighdeán Oifigiúil sa ghrúpa céanna le hainmneacha bhriathartha dar críoch guta fada), mar atá, ‘breoite’, ‘dreoite’, ‘feoite’, ‘luaithe’ agus ‘reoite’, faoi seach – i dtaca le ‘reo’ de, a dtugtar ‘reo’ mar fhoirm an ghinidigh uatha de in FGB, táim buíoch den Ollamh Máirtín Ó Murchú as a chur in iúl dom gurb ionann é agus an t-ainmfhocal ‘reod’ in DIL; is amhlaidh go bhfaighimid an fhoirm ‘reoidhte’ mar fhoirm an ghinidigh uatha den ainm bhriathartha ‘reodhadh’ i bhFoclóir an Duinnínigh.

³ I gcás an dá ghrúpa tosaigh ainmneacha bhriathartha arb ionann foirm an ghinidigh uatha agus foirm na haidiachta bhriathartha acu, is iad an dá ghrúpa is mó ainmneacha bhriathartha sa Ghaeilge iad, agus tarlaíonn, chomh maith, gurb ionann foirm an ghinidigh uatha agus foirm na haidiachta bhriathartha acu.

Dara Réimniú a chríochnaíonn ar *-ú*.⁴ Coinníodh *-uite*, áfach, in iolra na n-ainmneacha briathartha.

Trí bliana déag sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil sin, in *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (Rannóg an Aistriúcháin, Iúil 1945), a raibh mar riail tosaigh ann go mbeadh ‘*a* in ionad *u* i gcomhnaí i siollaí laga neamhaiceanta’, bhíothas tar éis an eisceacht seo a leanas a dhéanamh ón riail sin:

coimeátar *u* tríd síos i ndíochlaonadh ainmfhocal (agus ainmneacha briathartha) a bhfuil *ú* ina ndeireadh, e.g. *ordú* > *orduite*, *scrúdú* > *scrúduithe*.⁵

Gabhann an nóta seo a leanas leis an eisceacht sin sa bhailiúchán sin rialacha:

‘Ceapadh gurbh fhearr an *u* do choimeád tríd síos in ainmfhocail de shaghas *scrúdú*, *ordú* (ginide uatha agus ainmneach iolra *scrúduithe*, *orduite*), agus tabhair fá ndeara go dtagann de sin go ndéantar idirdhealú i gcás ainmfhocal den tsaghas san idir an rangabháil chaite den bhriathar agus ginide uatha nó ainmneach iolra an ainmfhocail e.g. (*a*) táid *scrúdaithe* go géar aige; sin é atá *ordaithe* (an rangabháil chaite); (*b*) inniu lá an *scrúduithe*; duine *inchlárúithe*; sin iad na *horduite* (ginide uatha agus ainmneach iolra).⁶

Tá ainmneacha briathartha dar críoch ‘-(i)ú’ curtha i dtoll a chéile i gCaighdeán 1958 agus is iad seo a leanas na hainmneacha briathartha dar críoch ‘-ú’ (i.e., leathan)



⁴ Sa Chaighdeán Athbheithnithe, ar an lámh eile, tá malaírt litrithe á tabhairt isteach don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha ní amháin i gcás ainmneacha briathartha den Dara Réimniú a chríochnaíonn ar ‘-ú’ ach i gcás ainmneacha briathartha den Chéad Réimniú, chomh maith, agus, cé go ngabhann castacht leis na leasuithe nua, murab ionann agus an ‘simpliú’ a ghabh lena ndearnadh i gCaighdeán 1958, níl focal faoin athrú sin sa réamhrá a ghabhann leis an gCaighdeán Athbheithnithe.

⁵ *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil*, lch. 9.

⁶ *Ibid.*, lch 38-9. Le cúpla sampla nua a thabhairt as na hAchtanna, féach an teideal taoibhe agus an fo-alt seo a leanas faoi seach as Acht ón mbliain 1956: ‘Ceadúnais bhuidéaluithe ainme ginearálta’, *General designation bottling licences*, agus ‘Íocfaidh an t-iarratasóir an táille ordaithe i leith gach ceadúnais bhuidéaluithe ainme ginearálta leis an údarás sláintíochta d’eisigh an ceadúnas sin’, *There shall be paid by the applicant in respect of every general designation bottling licence to the sanitary authority by whom such licence was issued the prescribed fee* (alt 6 agus alt 7(1), faoi seach, den Acht Bainne agus Déirithe (Leasú), 1956); ar shamplaí sna liostaí atá tugtha i gCaibidil 3 d’ainmneacha briathartha arna séimhiú sna hAchtanna tá ‘Fuirm chiontuíthe’ (san Acht Iascaigh, 1939), ‘tréimhse choigeartuíthe’ (san Acht um Chomhaontuítithe Bretton Woods, 1957), ‘Min chothuítithe’ (san Acht Chuan agus Short Dhún Dealgan, 1925), ‘mar fhíneacht chríochnuítithe’ (san Acht um Bun-reacht Shaorstáit Éireann, 1922), ‘foirm dhearbhuítithe céannachta’ (in Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947), ‘Cuideachta Mharguítithe Prátaí na hÉireann’ (san Acht Ráthaíocht Stáit, 1954) agus ‘contúirt mhór-ghortuítithe’ (san Acht Sláinte, 1947).

as an liosta sin a mbeadh sé i gceist, de réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe, séimhiú a bhaint díobh sa ghinideach uatha ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha nó ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol:

bánú, bealú, bearnú, beartú, beathú, bláthú, bochtú, bodhrú, bolú, bréagnú, breathnú, breáthú, brostú, buanú, bunú;
cabhrú, caolú, ceadú, ceadúnú, cealú, ceansú, ceartú, ciallú, ciorrú, ciúnú, claochlú, clárú, clutharú, cneasú, cobhsú, coigeartú, comharthú, comhdú, corónú, cothromú, cothú, craplú, créachtú, creathnú, criathrú, críochnú, cumasú, cumhachtú, cúngú;
damnú, dathú, deachtú, dealú, dearbhú, deonú,⁷ díorthú, díothú, diúltú, dlúthú, dochrú, dorchú, dréachtú, dreasú;
fadú, feabhsú, fianú, fíorú, fiosrú, folmhú, fostú, fréamhú, fuarú;
géarú, giorrú, gnáthú, gníomhú, gnóthú, gormú, gortú, gráú,⁸ greamú, gríosú; malartú, maolú, maothú, marú, maslú, meabhrú, méadú, mionnú, mothú; peacú, plandú, plódú, portú;
salú, samhlú, santú, saolú, saothrú, sárú, sealbhú, séalú, síolrú, síothlú, slachtú, slánú, snasú, socrú, sollúnú, sonrú;
tanú, taobhú, tapú, táthú, teanntú, timpeallú, tiomnú, tiomsú, tiontú, tosú, trasnú, tréaslú, treorú, triomú.

D'fhéadfaí cur go héasca leis an liosta sin i leagan nua den Chaighdeán Oifigiúil,⁹ dar ndóigh – m.sh.:

bású, beachtú, beannú; caighdeánú (!), caomhnú, cathú, ciontú, comhardú, comhlánú, córú, cruthú, cúlú; dealbhú; fabhrú, falsú, fódú, forasú; galrú, Gaelú; múnú; pionósú, pórú; sleamhnú, sreangú; tabhú, tacú, tarlú, trealmhú.

Murach go ndearnadh leasú thuasluaite Chaighdeán 1958, lenar cuireadh ar ceal an mhalairt litrithe don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha i gcás ainmneacha briathartha den Dara Réimniú a chríochnaíonn ar ‘-ú’, níor ghá bheith ag féachaint leis an séimhiú a bhaint de na hainmneacha briathartha sin thuas chun idirdhealú a dhéanamh idir a bhfoirm sa ghinideach uatha agus foirm na haidiachta briathartha. Agus, murab ionann agus riail an Chaighdeáin Athbhreithnithe, d'fhéadfaí an t-idirdhealú a dhéanamh idir foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha agus foirm na haidiachta briathartha i

⁷ Cuireadh ‘deonú’ isteach sa liosta in eagráin a foilsíodh tar éis 1958 – tugadh mar ‘deonadh’ é in eagrán tosaigh sin 1958.

⁸ Dealraíonn sé gur baineadh ‘gráú’ den liosta in eagráin a foilsíodh tar éis 1958.

⁹ D’ainneoin a thábhachtaí atá cuid de na hainmneacha briathartha sin i réimse na reacht-aíochta níl aon cheann díobh sa liosta a fhaightear sa Chaighdeán Athbhreithnithe, ar liosta é atá ar aon dul le liosta an Chaighdeáin Oifigiúil. San athbhreithniú reatha atá á dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil d’fhéadfaí an liosta sin thuas a nuashonrú trí leas a bhaint as saothar Aidan Doyle, *A Reverse Dictionary of Modern Irish* (Lublin, An Pholainn, 1996), ach go háirithe.

gcás ainmneacha briathartha dár tús guta, nó consan doshéimhithe, chomh maith. Bheadh na hainmneacha briathartha seo a leanas a thugtar i liosta Chaighdeán 1958 i gceist sa chás seo:

achtú, aclú, aerú, airbheartú, altú, amasú, análú, aontú, ardú, athrú; éadromú, eagrú, éalú, eangú, éascú; iolrú, iomadú, iompú; laghdú, lárú, leasú, leathnú, leithreasú, lochtú, lonrú, luathú, luchtú; naomhú, neadú, neartú, neodrú; oiriúnú, onórú, ordú; ramhrú, rangú, ráthú, reactú, rialú, rianú, roghnú; scanrú, scrúdú, smachtú; uachtú, ualú, údarú, ullmhú, umhlú, urasú, urrú, urú, úrú.¹⁰

Agus, dá mba rud é gur measadh gur ghá déanamh amhlaidh agus Caighdeán Oifigiúil 1958 á chur i dtoll a chéile, d'fhéadfaí an córas idirdhealaithe sin thuas a chur i bhfeidhm i gcás na n-ainmneacha briathartha dar críoch '-aí', chomh maith – is é sin, go mbeadh '-u-' seachas '-a-' an Chaighdeáin Oifigiúil i bhfoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha, i gcomórtas leis an '-a-' i bhfoirm na haidiachta briathartha. Dá réir sin, bheadh na foirmeacha 'cónuithe', 'corrúithe',¹¹ 'eachtruithe',

¹⁰ Is díol spéise an liosta deiridh sin thuas d'ainmneacha briathartha dar críoch '-ú' ó thaobh an léargais a thugann sé dúinn ar an gcéatadán ard d'ainmneacha briathartha i gcoitinne nach bhféadfaí leas a bhaint as idirdhealú an Chaighdeáin Athbhreithnithe ina leith. Agus féach, chomh maith, an liosta seo a leanas d'ainmneacha briathartha dar críoch '-iú' a thugtar i gCaighdeán 1958 – ní fhéadfaí leas a bhaint as seift idirdhealaithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe ina gcásna ach chomh beag, toisc guta nó consan doshéimhithe a bheith i dtús an ainm bhriathartha:

achóimriú, aibiú, aimsiú, ainmniú, áirithiú, aistriú, aithisiú, áitiú; eadóirsiú,* éigniú, éilliú; ídiú, ísliú; láidriú, láimhsiú, léiriú, líniú; náiriú; oibriú, oirniú, ornáidiú; réimniú, righniú, ruithniú; uaisliú, uimhriú.

* (Is éard atá in 'eadóirsím' agus 'eadóirseacht', dar le Tomás de Bhaldraithe, ná litriú iomrallach ar 'éadaoirsighim' agus 'éadaoirseacht' (bunaithe ar 'daoirse') faoi seach, focail atá ag an bPluincéadach [in *Vocabularium Latinum et Hibernum*, 1662] ar *manumitto*, *manumissio* na Laidine agus is é is dóichí gurbh é an Pluincéadach féin a chum iad – féach *Ériu* 35 (1984), lch 198-199.)

Arís, d'fhéadfaí leithéid 'loingsiú' a chur leis an liosta sin inniu. Ar son na hiomláine, is iad seo a leanas na hainmneacha briathartha eile dar críoch '-iú' a thugtar i liosta an Chaighdeáin Oifigiúil:

bailiú, bisíú, breifniú; cáiliú, ceistiú, cluimhriú, coigistiú, cóiriú, comhairliú, cruinniú, cuidiú, cuingriú; daingniú, daoirsiú, deifriú, deilbhiú, deimhniú, deisiú, dílsiú, díriú, dísciú, doimhniú, drithliú; failliú, fairsingiú, feidhmiú, feistiú, foilsíú, fuaimniú; gloiniú, goiliú, grinniú; maisiú, meicniú, míniú, moilliú; páirtiú, síniú, soilsíú, suimiú; taibhsiú, tairbhiú, tarcaisniú, teistiú, truailliú, tuirsiú, tuisliú.

Ar chinn eile a d'fhéadfaí cur leosan inniu tá, m.sh.:

boilsciú, breithniú; cimiú, cinntiú, cuimsiú, comhthoiliú; fáiltiú, fírinniú, foirgniú; maoiniú, móidiú; seiftiú, séimhiú (!); trasloingsiú.

¹¹ Féach go bhfaightear na foirmeacha 'do-chorrúithe' agus 'so-chorrúithe' in Airteagal III den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1955: 'I gcás maoine do-chorrúithe ... ; ... I gcás maoine tadhaill so-chorrúithe ...', ... *Immovable property* ...; ... *Tangible movable property* ... – is é an briathar 'corraigh' atá i gceist, a bhfuil 'corraí' mar ainm briathartha aige.

‘fiafruithe’¹² agus ‘ionsuithe’ mar fhoirm an ghinidigh uatha de na hainmneacha briathartha ‘cónaí’, ‘corraí’, ‘eachtraí’, ‘fiafraí’ agus ‘ionsaí’, faoi seach¹³ (is iadsan a thugtar mar shamplaí den fho-ghrúpa sin ainmneacha briathartha i gCaighdeán Oifigiúil 1958).¹⁴

Ainmneacha briathartha dar críoch ‘-(e)adh’

Is amhlaidh gurbh fhéidir teacht i dtír ar a macasamhail de sheift i 1958 chun idirdhealú a dhéanamh idir foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha agus foirm na haidiachta briathartha i gcás sciar mhóir den mhórghrúpa eile ainmneacha briathartha sa Ghaeilge, is é sin, ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar ‘-(e)adh’. Is iad na hainmneacha briathartha sin, an dara ceann den dá mhórghrúpa ainmneacha briathartha sa Ghaeilge, atá sa chéad ghrúpa ainmneacha briathartha sa Chaighdeán Oifigiúil arb ‘ionann foirm de ghnáth do ghinid-each an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha’ acu. Sa chás seo, is foirm a bheadh éagsúil le foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha a shocrófaí mar fhoirm chaighdeánach scríofa den aidiacht bhriathartha in áit na foirme den aidiacht bhriathartha a fhaightear sa Chaighdeán Oifigiúil. In Achtanna ón tréimhse a ghabh roimh Chaighdeán Oifigiúil 1958 faigh-



¹² Faighimid sampla den fhoirm iolra ‘fiafruithe’ in Acht ón mbliain 1999 agus in Acht ón mbliain 1968 – tugtar an sampla deiridh sin anseo: ‘agus a cheangal go bhfaighidh sé freagraí nó tuairisceáin ar aon fhiafruithe is cúig leis a dhéanamh’, *and require answers or returns to any inquiries which he thinks fit to make* (alt 66(1)(d)(i) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968).

¹³ Mar is léir ón bhfonóta roimhe seo thuas, bheadh de mhíbhuntáiste leis an tseift sin gurbh ionann foirm an ghinidigh uatha agus an fhoirm iolra i gcás na n-ainmneacha briathartha, ach ghabh an míbhuntáiste céanna leis an idirdhealú sin a moladh i gcás na n-ainmneacha briathartha dar críoch ‘-ú’ in *Litríú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil*. Ar an lámh eile, bheadh de bhuntáiste ag an gcóras sin thar chóras an Chaighdeáin Athbhreithnithe, fad a bhainfeadh le hainmneacha briathartha agus aidiachtaí briathartha a idirdhealú óna chéile, go n-oibreodh sé i gcás na n-ainmneacha briathartha sin dar tús guta, ar nós ‘eachtraí’ agus ‘ionsaí’, chomh maith le hainmneacha briathartha dar tús consan.

¹⁴ D’fhéadfaí ‘fionraí’ (ar ainmfhocal atá ann sa chéad áit) a chur le liosta an Chaighdeáin Oifigiúil de na hainmneacha briathartha dar críoch ‘-aí’ – féach an fhoirm ‘ionfhionruithe’ sa sliocht seo a leanas as Acht ón mbliain 1947: ‘agus beidh éifeacht laistigh den Stát ag na deimhnithe sin agus, maidir lena n-éifeacht laistigh den Stát, beidh infhionruithe nó inchealuithe dá réir sin’, *and such certificates shall have effect within the State and shall be liable, as respects their effect within the State, to suspension or cancellation accordingly* (alt 7(1) den Acht Loingis Cheannaíochta, 1947); tabhair do d’aire, áfach, gur ‘fionraí’ a thugtar mar fhoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha sin in FGB.

imid leithéidí ‘carnaithe’,¹⁵ ‘comhfháiscithe’,¹⁶ ‘cumaiscithe’,¹⁷ ‘dáilithe’¹⁸ (agus a chontrárthacht sin, ‘neamhdháilithe’),¹⁹ ‘eiscithe’,²⁰ ‘meascaithe’,²¹ ‘nochtaithe’,²²

-
- ¹⁵ ‘Beidh corparáid Éireannach díolmhaithe ó cháin na Stát Aontaithe ar a tuilleamh, a brabúis, a hioncam nó a barrachas, carnaithe nó neamh-dháilithe’, *An Irish corporation shall be exempt from United States tax on its accumulated or undistributed earnings, profits, income or surplus* (Airteagal xvi de Chuid I den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1950) – faightear samplaí de ‘carnaithe’ ó na blianta 1958 agus 1961, chomh maith: ‘Díbhinní a íocadh as Brabúis Charnaithe’, *Dividends paid out of Accumulated Profits* (an Ceannteideal ar Chuid VIII den Acht Airgeadais, 1958), agus ‘aistriú ábhair charnaithe as uiscianta’, *the ... removal of accumulated matter from aqueducts* (Uimh. Thag. 9 den Cheathrú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).
- ¹⁶ ‘aon tsoitheach ... chun aer comhfháiscithe a choimeád atá ceangailte leis an ngléasra comhfháiscithe aeir’, *any vessel ... for containing compressed air and connected with the air compressing plant* (alt 42(8)(a) den Acht Monarchan, 1955) – féach gurb ionann foirm don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha anseo.
- ¹⁷ ‘Forfhospráidí, fospráidí minearálta meilte, agus leasuithe cumaiscithe’, *Superphosphates, ground mineral phosphates, and compound manures* (Uimh. Thag. 21 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid, 1932) – cf. ‘An tOrdú chun Dleachta d’Fhorchur go Práinneach (Uimh. 340) (Uigí Fite Teicstíleacha agus Cumaiscithe Saorga), 1954’, *Emergency Imposition of Duties (No. 340) (Woven Artificial Textile and Union Fabrics) Order, 1954* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht d’Fhorchur Dleacht (Orduithe a Dhaingniú), 1955) – is amhlaidh, áfach, go bhfaightear an fhoirm ‘cumaiscithe’ sa chur síos ar an Ordú sa cholún taobh leis an teideal sin: ‘Na dleachta ar ghréasáin fhite de shíoda saorga agus ar ghréasáin chumaiscithe d’athrú’, *Revision of duties on artificial silk woven piece goods and union piece goods*.
- ¹⁸ ‘an Breitheamh den Chúirt Chuarda bheidh dáilithe de thurus na huaire don chuaird a bheidh ceaptha le Rialacha Cúirte’, *the Judge of the Circuit Court for the time being assigned to the circuit appointed by Rules of Court* (alt 38(1) den Acht um Chúiteamh do Lucht Oibre, 1934).
- ¹⁹ Féach an abairt tosaigh a thugtar mar shampla de ‘carnaithe’ i bhfonóta 15 thuas.
- ²⁰ ‘Cur le fostaíochtaí eiscithe’, *Addition to excepted employments* (teideal taoibhe alt 7 den Acht um Árachas Díomhaointis, 1926) – faightear samplaí de ‘eiscithe’ sna hAchtanna suas go dtí an bhliain 1959 – fch ‘ciallaíonn an abairt “ceadúnas eiscithe” aon cheadúnas arb éard é ... ceadúnas iascaireachta a eisíodh i mbliain toghcháin’, *the expression “excepted licence” means any licence being a fishing licence issued in an election year* (alt 24(1) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).
- ²¹ ‘Nuair a bheidh na páipéirí ballóide meascaithe do réir na Rialacha atá sa Chúigiú Sceideal’, *After the ballot papers have been mixed in accordance with the Rules contained in the Fifth Schedule* (alt 3(1) den Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Timpeal Toghachán, 1923).
- ²² ‘go bhfuil cóip den chlár nochtaithe chun iniúcha in’ oifig’, *that a copy of the register is open to inspection at his office* (alt 26 de na Rialacha sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Timpeal Toghachán, 1923) – cf. ‘socrú do dhéanamh chun an clár do bheith nochtuithe chun é iniúcha ar gach tráth réasúnta’, *provide for the register being open for inspection at all reasonable times* (alt 6(14)(a) den Acht um Ath-Dhéanamh i mBaile Átha Cliath (Forálacha Ócáideacha), 1924); féach, chomh maith, alt 17(1)(c) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986: ‘go mbeidh díolúine na cuideachta faoin alt seo nochtaithe i

‘rollaithe’,²³ ‘sínithe’,²⁴ ‘taiscithe’²⁵ agus ‘tréigithe’²⁶ mar fhoirmeacha de na haidiachtaí briathartha a scríobhtar de ghnáth inniu mar ‘carntha’, ‘comhfháisce’, ‘cumaisc’, ‘dáilte’, ‘eisce’, ‘measc’, ‘neamhdháilte’, ‘nochta’, ‘rollta’, ‘sínite’, ‘taisc’, agus ‘tréigthe’, faoi seach, ar foirmeacha iad atá ar aon dul le foirmeacha an ghinidigh uatha d’ainm briathartha na mbriathra sin, ach amháin i gcás ‘cumaisc’.²⁷ Tugtar ‘carnaithe’ mar fhoirm mhalartach den rangabháil chaite de ‘carn’ i bhFoclóir Uí Dhónaill agus faighimid sampla den fhoirm sin in Acht ón mbliain 1990²⁸ (i gcomórtas le ‘carntha’ in Acht eile ón mbliain chéanna, mar shampla).²⁹ Agus is ar an bhfoirm aidiachta briathartha ‘cáinithe’ atá an rangabháil ‘ioncháinithe’ in Acht ó na tríochaidí bunaithe³⁰ (i gcomórtas le ‘incháinte’ in Acht ó na caogaidí),³¹ agus baintear leas as an bhfoirm ‘dáilithe’ mar rangabháil in ‘iondailithe’, a fhaightear in Acht ón mbliain 1938.³²

nóta a bheidh ag gabháil leis na grúpchuntais’, ... *the exemption of the company under this section is disclosed in a note to the group accounts.*

- ²³ ‘cruithneacht Indiathach rollaithe’, *rolled maize* (alt 10(1) den Acht Airgid (Diúitithe Custum) (Uimh. 2), 1932) – fillfear ar an bhfoirm sin ‘rollaithe’ i bhfonóta 57 thíos.
- ²⁴ ‘fé is dá ndintí an tréimhse shínithe aimsire a ainmneofar san Ordú san do chur in ionad na tréimhse aimsire atá luaidhte san Acht Speisialta san’, *as if the extended period of time named in such Order were substituted in such Special Act for the period of time actually mentioned therein* (alt 1(2) den Acht um Údaráis Áitiúla (Sine Aimsire), 1923) – ar ndóigh, is é lámh duine a bheith curtha le doiciméad a thuigear de ghnáth inniu le ‘sínithe’.
- ²⁵ ‘féadfaidh na forálacha eile sin do bheith ionta is gá chun Banc Taisce na Post-Oifige d’íoc úis ar airgead a bheidh taiscith amhlaidh’, *they may further make such provisions as shall be requisite for the payment by the Post Office Savings Bank of interest on moneys so deposited* (alt 31(4) den Acht Airgeadais, 1940).
- ²⁶ ‘Talamh líne iarnróid thréigithe a dhíol’, *Sale of land of abandoned railway line* (teideal taoibhe alt 27 d’Acht Mhór-Iarnród an Tuaiscirt, 1953).
- ²⁷ Is ‘cumasc’ a thugtar mar ainm briathartha ‘cumaisc’ i bhFoclóir Uí Dhónaill agus is mar leagan malartach a thugtar ‘cumascadh’ ann.
- ²⁸ ‘luach carnaithe na ranníocáí cuí faoin scéim i leith an chomhalta’, *the accumulated value ... of the appropriate contributions in respect of the member* (alt 30(2) d’Acht na bPinsean, 1990).
- ²⁹ ‘mar gheall ar aon bhruscar ... a bheith caite nó carntha ar an talamh i gceist’, *because of ... the ... deposit or collection on the land in question of any litter* (alt 3 den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990).
- ³⁰ ‘an chéad chéad púnt d’ioncum ioncháinithe do bheith ionchurtha fé cháin do réir leath an ráta chaighdeánaigh cánach’, *the first hundred pounds of taxable income is chargeable at half the standard rate of tax* (alt 8(1)(c) den Acht Airgid, 1935) – aistríodh *taxable* mar ‘ionchánuithe’ in alt 11 den Acht Airgid, 1925 (an chéad uair a bhfaightear an téarma Béarla sin sna hAchtanna); is mar ‘inchánach’ a aistrítear *taxable* san Acht Airgeadais, 1950, agus ón Acht sin i leith. Tugtar *fine* mar bhrí thosaigh an bhriathair ‘cáin’ (ainm briathartha ‘cáineadh’) i bhFoclóir Uí Dhónaill, le *condemn, censure* mar bhrí thánaisteach.
- ³¹ ‘Aon bheart mí-iompair ag dlíodóir a bheadh incháinte ... dá mba os comhair na hArd-Chúirte a déanfaí é’, *Any conduct of counsel which would be liable to censure ... if it took place before the High Court* (alt 196(3) den Acht Cosanta, 1954).
- ³² ‘caindíocht áirithe d’alcól cheárdais do cheapadh chun bheith ina méid iondailithe chun

Faighimid cúpla ceann de na foirmeacha sin thuas, mar aon le foirmeacha dá samhail, mar fhoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha, chomh maith, in Achtanna ón ré réamh-Chaighdeáin, chomh maith, leithéidí ‘carnaithe’,³³ ‘cleachtuithe’,³⁴ ‘comhfháiscithe’,³⁵ ‘cónascaithe’,³⁶ ‘dáilithe’,³⁷ ‘eiscithe’,³⁸ ‘fáiscithe’,³⁹

crícheanna an orduithe sin’, *fix a specified quantity of industrial alcohol to be the allottable amount for the purposes of such order* (alt 44(1)(a) den Acht Alcóil Cheárdais, 1938) – tagann ‘iondáilithe’ ‘le ‘dáilitheoir’ (seachas ‘dáileoir’ in FGB) san Acht céanna sin. Díol spéise é an rangabháil ‘infhíreanaithe’ in Acht ó na seascaidí: ‘dearbhu á rá nach bhfuil na bagairtí infhíreanaithe’, *a declaration to the effect that the threats are unjustifiable* (alt 61(2)(a) d’Acht na bPaitinní, 1964) – is ‘fíréanta’ a thugtar in FGB mar cheannfhocal na haidiachta atá bunaithe ar ‘fíréan’.

- ³³ ‘i gcaitheamh na tréimhse carnaithe’, *during the period of accumulation* (alt 154 den Acht Cánach Ioncaim, 1967) – faighimid sampla den fhoirm chéanna sin mar fhoirm iolra an ainm bhriathartha in alt 444(a) den Acht céanna sin (‘maidir le hioncam a éireoidh sa bhliain mheasúnachta sin ó charnaithe ar an ioncam a luaitear anseo roimhe seo’, *in respect of income arising in the said year of assessment from accumulations of the income hereinbefore mentioned*), agus is amhlaidh go bhfaighimid an sampla seo a leanas den fhoirm ‘carnaithe’ mar aidiacht bhriathartha san alt sin, chomh maith: ‘maidir le haon chuid den ioncam sin a bheidh ... carnaithe chun sochair linbh de chuid an tsocraitheora’, *in respect of any part of such income which is ... accumulated for the benefit of a child*.
- ³⁴ ‘an tAcht Lucht Cleachtuithe Dlí (Cáilíocht), 1929’, *the Legal Practitioners (Qualification) Act, 1929* (Acht Uimh. 16 de 1929).
- ³⁵ ‘ceangailte leis an ngléasra comhfháiscithe air’, *connected with the air compressing plant* (alt 42(8)(a) den Acht Monarchan, 1955).
- ³⁶ ‘an Scéim chun Có-nascaithe na nAontaisí’, *the Union Amalgamation Scheme* (Leasú ar Scéim Chontae an Chabháin sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialtas Áitiúil (Forálacha Sealadacha), 1923).
- ³⁷ ‘agus, le linn an Aire sin do dhéanamh an dáilithe sin, déanfaidh pacáistí áirithe tobac do phacáil ath-láimhseoirí áirithe do dháiliú ar dhéantóirí áirithe’, *and in making such allocation the said Minister shall allocate specified packages of tobacco packed by particular rehandlers to particular manufacturers* (alt 40(1) den Acht Tobac, 1934) – féach alt 44(1) den Acht céanna: ‘Má bhíonn an tobac go léir d’fhás bliana ar bith dáilithe ag an Aire Tionnscail agus Tráchtála ar dhéantóirí tré orduithe díola’, *Where the Minister for Industry and Commerce has by means of sale orders allocated amongst manufacturers the whole of the tobacco grown in any year; faightear ‘dáiliú’ agus an ginideach ‘dáilithe’ in Acht Airgeadais na bliana 1961, fiú – ‘foráil a dhéanamh le haghaidh cinneadh na gcionúireachtaí ina mbeidh an méid iomlán cánach a íocfaidh fostóir leis na Coimisinéirí Ioncaim ... le dáiliú i leith cánach ioncaim agus forchánach faoi seach agus le haghaidh aon iarmhéid cánach ioncaim nó forchánach a bheidh dlite ón bhfostaí ar fhoras an dáilithe sin a aisghabháil’, *provide for the determination of the proportions in which the total amount of tax, paid to the Revenue Commissioners by an employer, ... is to be allocated to income tax and sur-tax respectively and for the recovery ... of any balance of income tax or sur-tax due from the employee on the basis of such allocation* (alt 11(5)(d)).*
- ³⁸ ‘na fíoraí a chuireas na hearraí i dteideal an eiscithe sin’, *the facts which entitle the goods to such exemption* (alt 102(3)(b) den Acht Cuanta, 1946).
- ³⁹ ‘Diúité do ghearradh ar mheaisíní fáiscithe, meaisíní nigheacháin agus meaisíní tior múcháin áirithe’, *Imposition of duty on certain pressing machines, washing machines and drying machines* (Uimh. Thag. 8 sa Tábla sa Sceideal a ghabhann leis an Acht chun Diúité do

‘fuaimdhíonaithe’,⁴⁰ ‘nochtaithe’⁴¹ agus ‘taiscithe’.⁴² Agus is amhlaidh go bhfaighimid ‘táirgíthe’ in Acht ón mbliain 1964⁴³ agus ‘ionnarbaithe’ in Acht ón mbliain 1966.⁴⁴

Is briathra den chéad réimniú, le fréamh dar críoch consan pléascach (‘c’, ‘p’, ‘t’ nó ‘d’, ‘b’, ‘g’), atá i bhformhór na mbriathra sin thuas, agus d’fhéadfaí idirdhealú nach gcuirfeadh isteach ar ghnás na Gaeilge a dhéanamh i gCairdeán Oifigiúil 1958 idir foirm na haidiachta briathartha agus foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha den ghrúpa briathra sin ach go háirithe ach a shocrú go mbeadh an foirceann ‘-(a)ithe’ ag foirm na haidiachta briathartha agus an foirceann ‘-t(h)e’ nó ‘-t(h)a’ a bheith ag foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha. Is ‘-(a)ithe’, seachas ‘-t(h)e’ nó ‘-t(h)a’, a bhíonn mar fhoirceann go minic ag aidiacht bhriathartha na mbriathra den chéad réimniú dar críoch consan pléascach i nGaeilge na Mumhan ach go háirithe.⁴⁵ In *Gaeilge Chorca Dhuibhne* tugann Diarmuid Ó Sé ‘fáiscithe’, ‘laitithe’, ‘meascaithe’, ‘nochtaithe’, ‘priocaithe’, ‘scartaithe’, ‘stracaithe’, ‘tachtaithe’ agus ‘teipithe’ mar shamplaí d’fhoirmeacha aidiachta briathartha briathra le fréamh aonsiollach dar críoch ‘c’, ‘p’ nó ‘t’.⁴⁶

Ghearradh (Orduithe do Dhaingniú) (Uimh. 3), 1936).

- 40 ‘córtais téacháin, soilsiúcháin, aeroiriúnaithe, fuaimdhíonaithe ... a fheisteadh in aon fhoirgneamh’, *the installation in any building ... of systems of heating, lighting, air-conditioning, sound-proofing* (alt 17(1) den Acht Airgeadais, 1970).
- 41 ‘foluonn an abairt “substaint íce” substaint choiscthe ghalar agus substaint nochtaithe ghalar’, *the expression “therapeutic” includes prophylactic and diagnostic* (alt 1 den Acht Substaintí Íce, 1932).
- 42 ‘féadfadh an Bord stáisiúin gheiniúna leictreachais, stáisiúin atharacháin agus stáisiúin agus áiteanna eile chun atharuithe no taiscithe leictreachais no chun deighleáil leis ar aon tslí eile do dhéanamh’, *the Board may construct ... electric generating stations, transformer stations and other stations and places for transforming, storing, or otherwise dealing with electricity* (alt 20(3) den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927) – cf., in Acht ón mbliain 1965: ‘tiocfaidh an ghabháil sin in éifeacht amháil ón nóchadú lá tar éis an taiscithe sin’, *The accession ... shall take effect as from the ninetieth day after the date of such deposit* (alt 2 d’Airteagal xiv den Choinbhinsiún sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1965).
- 43 ‘seilbh ... lóin lámhaigh ag duine a bheidh ag glacadh páirt i dtaibhiú ... amharclainne nó ag táirgeadh scannáin chinematagrafaigh chun críche an taibhithe ... nó an táirgíthe’, *the possession ... of ... ammunition by a person taking part in a theatrical performance ... or in the production of a cinematograph film for the purpose of the performance ... or production* (alt 2(4)(f) d’Acht na nArm Teine, 1925, arna chur isteach le halt 15(b) d’Acht na nArm Tine, 1964).
- 44 ‘a chur siar go ceann tréimhse seasca lá dar tosach dáta an ionnarbaithe nó na tarraingte siar’, *postpone ... until the end of the period of sixty days beginning on the date of the expulsion or withdrawal* (alt 24(5) den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1966).
- 45 Tugtar leagan níos mionsonraithe dá leanann thuas ar na haidiachtaí briathartha sin i bhFoscáirbhinn 7 a ghabhann leis an staidéar seo.
- 46 Diarmuid Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, lch 318, §583(a).

Ach na foirmeacha sin a scríobh amhlaidh (le ‘laitithe’ agus ‘stracaithe’ á scríobh mar ‘loitithe’ agus ‘sracaithe’ faoi seach), d’fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na foirmeacha caighdeánacha den ghinideach den ainm briathartha – ‘fáiscithe’, ‘loite’, ‘measctha’, ‘nochta’, ‘prioctha’, ‘scairte’, ‘sractha’, ‘tachtá’ agus ‘teipthe’, faoi seach. Mar a chéile i gcás aidiachtaí briathartha na mbriathra le fréamh dar críoch ‘d’, ‘b’ nó ‘g’ a thugtar in *Gaeilge Chorca Dhuibhne* – ach ‘breabaithe’, ‘creidithe’, ‘druidithe’, ‘fágaithe’, ‘goidithe’, ‘leagaithe’, ‘ligithe’, ‘lúbaithe’, ‘réabaithe’, ‘scagaithe’, ‘sciobaithe’, ‘scuabaithe’, ‘séidithe’, ‘sloigithe’ ~ ‘slogaithe’, ‘sniogaithe’, ‘stadaithe’, ‘tógaithe’ agus ‘dearúdaithe’ a bheith mar fhoirmeacha scríofa aidiachtaí briathartha na mbriathra ‘breab’, ‘creid’, ‘druid’, ‘fág’, ‘goid’, ‘leag’, ‘lig’, ‘lúb’, ‘réab’, ‘scag’, ‘sciob’, ‘scuab’, ‘séid’, ‘slog’, ‘sniog’, ‘stad’, ‘tóg’ agus ‘dearmad’, faoi seach, bheidís idirdhealaithe ó fhoirmeacha scríofa an ghinidigh den ainm briathartha de na briathra sin – ‘breabtha’, ‘creidte’, ‘druidte’, ‘fágtha’, ‘goidte’, ‘leagtha’, ‘ligthe’, ‘lúbtha’, ‘réabtha’, ‘scagtha’, ‘sciobtha’, ‘scuabtha’, ‘séidte’, ‘sloigte’ ~ ‘slogtha’,⁴⁷ ‘sniogtha’, ‘stadta’, ‘tógtha’ agus ‘dearúdta’, faoi seach.⁴⁸

Faightear an foirceann céanna sin ‘-(a)ithe’ in aidiachtaí briathartha i gcanúintí eile sa Mhumhain, chomh maith.⁴⁹ Agus, mar a léirítear i bhFoscúibhinn 7 leis seo, ba mhó a thiocthadh foirmeacha scríofa ina mbeadh an foirceann ‘-aithe’ leis na foirmeacha den aidiacht bhriathartha i gcanúintí Chonamara agus Uladh ná na foirmeacha caighdeánacha, gona bhfoirceann ‘-t(h)a’, i gcás na mbriathra le fréamh dar críoch consan leathan.⁵⁰

Is iad seo a leanas na hainmneacha briathartha dar críoch ‘-adh’, ag a bhfuil fréamh dar críoch consan pléascach, as an liosta d’ainmneacha briathartha dar críoch ‘-(e)adh’ atá curtha i dtoll a chéile i gCaighdeán Oifigiúil 1958, agus a mbeadh i gceist de réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe an séimhiú a bhaint díobh sa ghinideach uatha ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha nó ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol:

bacadh, bascadh, béiceadh, bíogadh, bogadh, breacadh, bréagadh, brúchtadh;
 calcadh, cealgadh, ceapadh, cleachtadh, clogadh, cnagadh, coipeadh,
 cónascadh, corbadh, crapadh;

⁴⁷ Is í an fhoirm ‘slogtha’ an fhoirm chaighdeánach in FGB.

⁴⁸ *Ibid.*, lch 318, §584(a).

⁴⁹ Féach Foscúibhinn 7, mar a dtugtar samplaí as Múscraí agus Uíbh Ráthach a thugann Seán Ua Súilleabháin sa chaibidil ar Ghaeilge na Mumhan in *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*, lch 520, §8.27 – ag scríobh dó ar Ghaeilge na Mumhan i gcoitinne, deir an Súilleabhánach: ‘Cuirtear foirceann rangabháil chaite an dara réimniú go minic le briathra sa chéad réimniú a chríochnaíonn ar chonsan pléascach’.

⁵⁰ Mar shampla, in *An Teanga Bheo: Gaeilge Chonamara* (1998), lch 44, §13.12, tuairiscíonn Séamas Ó Murchú go ndeirtear ‘ceaptha’ mar ‘ceapaíthe’ agus ‘fágtha’ mar ‘fácaíthe’ i gCarna – féach Foscúibhinn 7.

dearcadh, deargadh,⁵¹ dingeadh, diúgadh, diúracadh, dochtadh, doirteadh,
dreapadh, driogadh;
fáscadh,⁵² folcadh;
glacadh, gobadh, greadadh, gréisceadh, griogadh, gríoscadh, gróigeadh;
meascadh;
péacadh, piocadh, plabadh, pógadh, preabadh, púscadh,⁵³
seachadadh, séideadh, siocadh, slaodadh, sléachtadh, slogadh, sracadh;
tachtadh, táirgeadh, taoscadh, teascadh, tíolacadh, tolgadh.⁵⁴

Ar ndóigh, d'fhéadfaí cur go héasca leis an liosta sin, chomh maith, i leagan nua den Chaighdeán Oifigiúil⁵⁵ – m.sh.:

baisteadh, breabadh; ciapadh, cniogadh; dearlacadh; pléascadh; saighdeadh;
taifeadadh, taisceadh, teachtadh, téachtadh.

Dá mba rud é gur glacadh i gCaighdeán 1958 le ‘-(a)ithe’ mar fhoirceann na haidiachta briathartha i gcás na mbriathra a dtugtar a n-ainmneacha briathartha ansin thuas agus gur foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha a bheadh in ‘-t(h)e’ nó ‘-t(h)a’, níor ghá bheith ag féachaint anois leis an séimhiú a bhaint de na hainmneacha briathartha sin thuas chun idirdhealú a dhéanamh idir a bhfoirm sa ghinideach uatha agus foirm na haidiachta briathartha de na briathra sin. Agus, arís, murab ionann agus riail an Chaighdeáin Athbhreithnithe, d'fhéadfaí an t-idirdhealú sin a dhéanamh i gcás ainmneacha briathartha dár tús guta nó consan doshéimhithe, chomh maith. Bheadh na hainmneacha briathartha seo a leanas a áirítear i liosta sin Chaighdeán 1958 cuimsithe sa chás sin:

adhacadh; eisceadh; ionnarbadh; lascadh, leadhbadh, locadh, loiceadh,
loscadh, luascadh, lúbadh; nascadh, nochtadh; obadh; radadh, réabadh,
ropadh, róstadh, ruaigeadh, rúscadh; scagadh, scaipeadh, scairteadh,

⁵¹ Mar a chonaiceamar i bhfonóta 7 thuas, áiríodh ‘deonadh’ sa liosta seo in eagrán tosaigh sin 1958, ach is mar ‘deonú’ a áirítear an t-ainm briathartha in eagrán den Chaighdeán Oifigiúil a foilsíodh i ndiaidh na bliana sin.

⁵² Is í an fhoirm leathan seo, seachas ‘fáisceadh’, a thugtar mar fhoirm chaighdeánach ainm briathartha an bhriathair ‘fáisc’ in FGB, chomh maith.

⁵³ Tá ‘púscadh’ bainte den liosta sa Chaighdeán Athbhreithnithe – dar le Foclóir Uí Dhónaill is í an fhoirm ‘úscadh’ an leagan caighdeánach de ‘púscadh’, agus is í an fhoirm sin ‘úscadh’ a áirítear sa Chaighdeán Athbhreithnithe.

⁵⁴ Faightear ‘troscadh’, chomh maith, i liosta an Chaighdeáin Oifigiúil – cé gur ‘troscaidh’ foirm an ghinidigh uatha de ‘troscadh’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, féach go dtugtar ‘troiscthe’ agus ‘troscaidh’ araon mar fhoirmeacha an ghinidigh uatha i bhFoclóir an Duinnínigh.

⁵⁵ Arís, cé go ndearnadh an liosta a chaighdeánú ó thaobh fhoirm na n-ainmneacha briathartha féin de, mar a chonaiceamar i bhfonóta 53, is amhlaidh nach bhfaightear ach na hainmneacha briathartha céanna a bhí i gCaighdeán 1958 sa liosta sa Chaighdeán Athbhreithnithe, agus fiú ainmneacha briathartha ar nós ‘taisceadh’ agus ‘teachtadh’, atá chomh tábhachtach sin i réimse na reachtaíochta, gan a bheith curtha leo.



scealpadh, scilligeadh, sciobadh, sciurdadh, scoilteadh, screadadh,⁵⁶ scríobadh, scuabadh, spreagadh, stopadh, stróiceadh; ungradh.

Arís, is díol spéise, chomh maith, an liosta sin thuas d’ainmneacha briathartha na mbriathra dar tús guta nó consan doshéimhithe, agus le fréamh dar críoch consan pléascach, ó thaobh an léargais a thugann sé dúinn ar an gcéatadán ard de na hainmneacha briathartha i gcoitinne nach bhféadfaí leas a bhaint as idirdhealú an Chaighdeáin Athbhreithnithe ina leith. Agus

féach, chomh maith, na hainmneacha briathartha eile dar tús guta nó consan doshéimhithe a thugtar i liosta sin Chaighdeán 1958 ach a bhfuil fréamh dar críoch consan nach consan pléascach acu:

adhradh, aoladh; iniúchadh; lasadh, léasadh, leathadh, leonadh, liathadh, líonadh, lobhadh, loghadh, lomadh; oirnéaladh; riaradh, rolladh; scamhadh, scaradh, scitheadh, scinneadh, sciorradh, sciúradh, scoitheadh, scriosadh, smearadh, smoladh, spriúchadh, staonadh, stealladh, stiúradh, stoitheadh, stolladh; úmadh.⁵⁷

⁵⁶ Is í an fhoirm ‘screadach’ a thugtar mar ainm briathartha ‘scread’ in FGB, mar a n-áirítear ‘screadadh’ mar leagan malartach den cheannfhocal sin ‘screadach’; áirítear ‘screadach’ in áit ‘screadaíl’ faoin gceannteideal ‘Ainmneacha briathartha eile’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe.

⁵⁷ Déarfadh duine, b’fhéidir, nach bhféadfaí an foirceann ‘-aithe’ a úsáid mar fhoirceann na haidiachta briathartha i gcás ‘roll’, mar shampla, mar go measfaí leis an mbriathar ‘rollaigh’ é dá ndéanfaí sin, ach féach go bhfaightear ‘cruithneacht Indiathach rollaithe’ (*rolled maize*) in Acht ón mbliain 1932 (féach fonóta 23 thuas) – san Fhoclóirín a ghabhann leis an gCaighdeán Oifigiúil, tá *I roll* ar ‘rollaim’ agus *I enrol* ar ‘rollaim’ – féach Acht na nGiúiréithe, 1976, alt 15(1) agus Cuid II den Chéad Scedeal, faoi seach, le haghaidh samplaí de ‘rollaigh’: ‘Trí bhallóidíú i gcúirt oscailte a dhéanfar daoine a bheidh rollaithe mar ghiúróirí a roghnú chun fónamh ar ghiúiré áirithe’, *The selection of persons empanelled as jurors to serve on a particular jury shall be made by balloting in open court*, agus ‘Na daoine seo a leanas má tá siad ag cleachtadh a ngairme iarbhrí agus iad cláraithe ..., rollaithe nó deimhnithe faoi na forálacha reachtúla a bhaineann leis an ngairm sin’, *The following persons if actually practising their profession and registered ..., enrolled or certified under the statutory provisions relating to that profession*.

Bheadh a leithéid i gceist i gcás an bhriathair ‘léas’ thuas, chomh maith, sa mhéid go bhféadfaí é a mheascadh leis an mbriathar ‘léasaigh’ dá mbainfí leas as ‘léasaithe’ mar fhoirm na haidiachta briathartha. Agus, arís, is amhlaidh a bheadh i gcás an bhriathair ‘sín’ – d’fhéadfaí é a mheascadh leis an mbriathar ‘sínigh’ dá mbainfí leas as ‘sínithe’ mar fhoirm na haidiachta briathartha. Tá ‘síneadh’ ar cheann de na hainmneacha briathartha eile dar tús consan inséimhithe a fhaightear i liosta Chaighdeán 1958 d’ainmneacha briathartha dar críoch ‘-(e)adh’ (i.e., na hainmneacha briathartha a bhfuil fréamh acu dar críoch consan nach consan pléascach, a fhaightear i dteannta na n-ainmneacha briathartha de bhriathra ag a bhfuil fréamh dar críoch consan pléascach, a tugadh thuas):

Ainmneacha briathartha dar críoch ‘-ilt’, ‘-in(g)t’ nó ‘-irt’

Is amhlaidh go bhféadfaí an foirceann céanna a cuireadh san áireamh thuas i gcás fhoirm na haidiachta briathartha ag briathra den chéad réimniú le fréamh dar críoch consan pléascach a úsáid i gcás roinnt de na briathra a bhfaightear a n-ainm briathartha sa tríú grúpa ainmneacha briathartha sa Chaighdeán Oifigiúil arb ionann foirm de ghnáth do ghnideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha acu, is é sin, ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar ‘-ilt’, ‘-in(g)t’⁵⁸ agus ‘-irt’. I gcás dhá cheann de na hainmneacha briathartha dar críoch ‘-irt’ a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil mar shamplaí den ghrúpa sin, is iad sin ‘eascairt’ agus ‘freagairt’, is amhlaidh go bhfaighimid na foirmeacha ‘eascraithe’ agus ‘freagraithe’ mar aidiachtaí briathartha i gCorca Dhuibhne,⁵⁹ in áit ‘eascartha’ agus ‘freagartha’ an Chaighdeáin Oifigiúil. Arís, ach na foirmeacha sin dar críoch ‘-(a)ithe’ a bheith mar fhoirmeacha scríofa na n-aidiachtaí briathartha d’fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh idir iad agus foirmeacha an ghnidigh uatha den ainm briathartha. Faighimid sampla de ‘eascraithe’ in Acht ón mbliain 1976, fiú,⁶⁰ chomh maith le samplaí de ‘fógraithe’ in Achtanna ó na blianta 1989 agus 1987.⁶¹

barradh, bearradh, blaiseadh, borradh, briseadh, bronnadh, bualadh;
cailleadh, cáineadh, cáitheadh, camadh, canadh, caochadh, caoineadh, carnadh,
casadh, céasadh, ceiliúradh, cinneadh, cíoradh, claonadh, cliseadh, comóradh, coradh,
craoladh, creimeadh, crochadh, croitheadh, cromadh, crosadh, cumadh;
dáileadh, dalladh, daoradh, díonadh, drannadh, dúnadh;
feannadh, filleadh, fiuchadh, fliuchadh, foirceannadh, friochadh, fuineadh;
gealadh, gealladh, gearradh, géilleadh, glanadh, gléasadh, goilleadh;
mealladh, milleadh, moladh, múchadh, múineadh;
plúchadh, polladh, pósadh, promhadh;
sábhadh, saoradh, séanadh, searradh, seoladh, sileadh, síneadh, snaidhmeadh;
teitheadh, tnáitheadh, toghadh, traochadh, traoitheadh, treabhadh.

Ar na hainmneacha briathartha a d’fhéadfaí cur leis an liosta sin i leagan nua den Chaighdeán Oifigiúil tá, mar shampla:

clúmhillleadh, coilleadh, creachadh; dearadh, díobhadh; faomhadh, fealladh, fionnadh;
greanadh; madhmhadh; saobhadh, srianadh; tumadh.

- ⁵⁸ Ach amháin briathra a chríochnaíonn ar ‘-áint’ agus ‘-úint’, nárb ionann foirm do ghnid-each uatha an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha acu.
- ⁵⁹ Féach Diarmuid Ó Sé, *op. cit.*, lch 318, §583(c) – tugtar an mhír atá i gceist anseo i bhFoscúibhinn 7.
- ⁶⁰ ‘i gcás a dtabhóidh cuideachta cailteanas in idirbheart a bheadh, dá mbeadh brabús eascraithe as, inmhuirearaithe i leith cánach’, *where a company sustains a loss in a transaction which, if profit had arisen from it, would be chargeable to tax* (alt 19(1) den Acht Cánach Corparáide, 1976).
- ⁶¹ Féach, mar shampla, ‘i gcás *Lloyd’s*, trína fhágáil leis an duine ... a mbeidh sé fógraithe don Aire faoi na hAchtanna Árachais gurb é gníomhaire údaraithe *Lloyd’s* sa Stát é’, *in the case of Lloyd’s, by leaving it with ... the person notified to the Minister under the Insurance Acts as the authorised agent of Lloyd’s in the State* (alt 4(d) den Acht Árachais, 1989), agus ‘Ní dhéanfaidh aon imeachtaí ar iarratas faoi alt 35 den Acht seo difear d’aon bhreithiúnas nó foraithe críochnaitheach a bheidh fógraithe nó déanta cheana féin ag aon chúirt dlínse inniúla’, *No proceedings on an application under section 35 of this Act*

Agus faighimid samplaí de ‘bagraithe’,⁶² ‘díbrithe’,⁶³ ‘fógraithe’,⁶⁴ ‘freagraithe’⁶⁵ agus ‘imrithe’⁶⁶ ar Nua-Chorpas na hÉireann. Ar na hainmneacha briathartha eile dar críoch ‘-irt’ a liostaítear i gCaighdeán Oifigiúil 1958 tá:

aifirt, agairt; bagairt; coscáirt; díbirt; fógairt; imirt, íobairt; labhairt; treascáirt.⁶⁷

Agus d’fhéadfaí an t-irdirdhealú céanna a dhéanamh i gcás na mbriathra ‘tarraingt’ agus ‘fulaingt’ – is é sin, briathra dar críoch ‘-ingt’ – ach ‘tarraingithe’ agus ‘fulaingithe’ a bheith mar fhoirm den aidiacht bhriathartha agus ‘taraingthe’ agus ‘fulaingthe’, faoi seach, a bheith mar fhoirm an ghinidigh uatha de na hainmneacha briathartha ‘tarraingt’ agus ‘fulaingt’ faoi seach. Faightear samplaí de ‘tarraingithe’ i gCorca Dhuibhne, i gConamara agus i Rann na Feirste,⁶⁸

shall affect any final judgment or decree already pronounced or made by any court of competent jurisdiction (alt 36(3) den Acht um Stádas Leanaí, 1987).

- ⁶² ‘Ach nuair a théann sé ar deoraíocht mar a bhí bagraithe aige níl roimhe ach an déistin, an t-aiféala agus an díomá’ (Ciarán Ó Coigligh and Diarmuid Ó Gráinne, *An Fhealsúnacht agus An tSíceolaíocht*, 1992).
- ⁶³ I nGaeilge Chonnacht féach ‘A Thamhnaigh Mhóir dhílis ar chaith mé mo shaol leat, / Anois tá mé díbrithe is gan áit agam le dul’ (Pádraic Learaí Ó Finneadh, *Bóithríní an Locháin agus Ambráin Eile*, 1994) agus ‘an seansaol cruá, nuair a bhíodh daoine nach raibh in ann a gcuid fiacha a íoc nó in ann seasamh leis, díbrithe is máilín curtha orthu’ (Seán Ó Curraoin, *Boscaí*, 2003); i nGaeilge Uladh féach ‘A athair dhíl, tiocfaidh an lá go fóill a mbeidh athrú ar an té / D’fhág díbrithe thusa i bhfad ó thír is do mháithrín faoi chré / Nuair a thógfas Éire bhocht a ceann is a bratóg ghlas le gaoth’ (Dónall Ó Baoill, *Stair Áitiúil*), agus i nGaeilge na Mumhan féach ‘Thagadh trua agam di agus dheininn faoi dhéin a cillín uaigneach de sheomra, mar a raibh sí díbrithe aici féin’ (Pádraig Ó Cíobháin, *Le Gealaigh*, 1991).
- ⁶⁴ Mar shampla, ‘An é seo an teach a raibh sé fógraithe san *Advertiser* go raibh seomra folamh ag imeacht ann?’ (Breandán Mac Gearailt, *Scaoil leis an gCaid + An Saol Eile* [an Mhumhain], 1999), ‘Ní raibh a fhios a’m go raibh cogadh fógraithe, a Sheirse’ (Antoine Ó Flatharta, *An Solas Dearg* [Connachta], 1998) agus ‘Bhí a athair ag obair i Gleann Comhann sna Garbhchríocha agus chonaic sé post fógraithe sna páipéir fá dhéanamh bóithre in Eilean Diúra’ (Pádraig Ó Baoighill, *Ceann Tíre/Earragháidheal, Ár gComharsanaigh Gaelacha* [Ulaidh], 2003).
- ⁶⁵ ‘Sin í an cheist a ba mhaith liomsa a fháil freagraithe!’ (Colm Ó Ceallaigh, *Meilt Mhuilte Dé* [Connachta], 2002).
- ⁶⁶ ‘Ní hé cáil an chruinnis is mó a bhí tugtha leo ag tosaithe na Ceathrún Rua sna cluichí a bhí imrithe acu ó thús na craoibhe sinsir i nGaillimh i mbliana’ (an nuachtán seachtainiúil *Foinse*, 13/10/1996).
- ⁶⁷ Ar ainmneacha briathartha a d’fhéadfaí a chur le liosta an Chaighdeáin Oifigiúil d’ainmneacha briathartha dar críoch ‘-irt’ tá na hainmneacha briathartha mórúsáide ‘forbairt’ agus ‘tagairt’, chomh maith le ‘climirt’, ‘íospairt’ agus ‘toirbhirt’.
- ⁶⁸ Féach Foscribhinn 7 don sampla i nGaeilge Chorca Dhuibhne, arna thabhairt ag Diarmuid Ó Sé, *op. cit.*, lch 318, §584(b); faighimid an dá shampla seo a leanas i nGaeilge Chonnacht agus Rann na Feirste faoi seach ar an Nua-Chorpas: ‘Ní fheiceann siad dochar i dtada mar níl aon dochar iontu fhéin agus sin é an fáth a bhfuil siad tarraingithe isteach i mbréidín

agus samplaí de ‘fulaingithe’ i gCorca Dhuibhne ach go háirithe.⁶⁹ Áirítear ‘tuirlingt’ san fho-ghrúpa ainmneacha briathartha seo, chomh maith, sa Chaighdeán Oifigiúil.

Ar na hainmneacha briathartha dar críoch ‘-int’ (seachas ‘-áint’ agus ‘-úint’) a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil tá ‘adhaint’, ‘aithint’, ‘baint’, ‘cogaint’, ‘cosaint’, ‘roinnt’ agus ‘seachaint’. Faightear samplaí de ‘cosnaithe’ i nGaeilge Chonamara,⁷⁰ samplaí de ‘aithnithe’ i nGaeilge Chonamara agus i nGaeilge Uladh⁷¹ agus sampla de ‘baintithe’ i nGaeilge Rann na Feirste – féach an cur síos seo a leanas i dtaca leis an gcanúint deiridh sin:

Nasctar an foirceann *-(a)ithe* (i) le briathra a mbíonn na foircinn *-ta, -te* sna haidiachtaí briathartha atá acu de réir FGB: *déantaithe, díoltaithe, póstaithe, baintithe, baistithe, athbhaitithe, cailltithe, caitithe, gaibhtithe, itithe*; agus (ii) le briathra a mbíonn na foircinn *-tha, -the* acu de réir FGB: *crupaithe, curthaithe, freagraithe, tuigthithe*.⁷²

Agus faighimid sampla ar an idirlíon den fhoirm ‘seachnaithe’⁷³ – arís, is foirm í

brocach an chórais’ (Colm Ó Ceallaigh, *Sclábhaíocht*, 1990) agus ‘Sa leabhar seo tá *tarraingithe* ag freagairt do *tarraingthe* FGB’ (*The spoken Irish of Rann na Feirste, Co Donegal* [<http://www.rannnafeirste.com/na-briathra/>]).

⁶⁹ Féach Foscúbhinn 7 (as Diarmuid Ó Sé, *op. cit.*, §584(b)); cf., ón idirlíon: ‘Tá cailleadh mór fulaingithe ag foireann peile Chorcaí’ (<http://www.peoplesrepublicofcork.com/forums/showthread.php?t=111469>).

⁷⁰ ‘Go dtí seo is dóigh níl d’eolas agat ach an méid a chuala tú, agus cúpla ruidín a chonaic tú, mar tá tú cosnaithe, ach ní thabharfaidh tú an scéal sin a chodladh leat as seo go ceann míosa, san áit a mbeidh tú ag obair’ (Colm Ó Ceallaigh, *Deoir Ghoirt an Deoraí*, 1993) – cf., ón idirlíon: ‘Mar sin, tá sé de dhualgas orainn a chinntiú go bhfuil cearta gach duine anseo cosnaithe’ (an Seanadóir Rónán Mullen [Gaillimheach], Seanad Éireann, 29 Meitheamh 2011 [<http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/Debates%20Authoring/DebatesWebPack.nsf/takes/seanad2011062900007#N38>]); ‘Dréachtphlean Forbartha Contae an Chláir 2011-2017: Imleabhar 4 – Clár Fhoirgnimh Chosnaithe’ (<http://www.clarecoco.ie/ga/your-council/opaendata/>), agus an tvúit seo a leanas ó Chaoimhe Seoighe ar an 19 Samhain 2014: ‘Intuigthe go bhfuil príobháideacht cosnaithe sa tír seo in Airteagal 40.3.2’ (<https://prezi.com/suzhmafsmpez/priobhaideacht/>); as Gaeilge Iorras Aithneach soláthraíonn Brian Ó Curnáin na foirmeacha ‘coisinte’ agus ‘coisní(the)’ araon (Brian Ó Curnáin, *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, Iml. II, lch 1059, §5.177).

⁷¹ ‘Chuile cheann acub, tá siad aithnithe ag daoine’, *every one of them (lorries) are recognised by some people* (<http://focailfholaithe.fng.ie/content/aithn%C3%ADonn-3>); féach, i nGaeilge Dhún na nGall: ‘Ní raibh cead agamsa cur isteach ar choimisiún mar go raibh mé faoi choimírce foilsitheoir aithnithe’ (Pádraig Ó Baoighill, <https://antultach.wordpress.com/tag/an-ghaeilge-2/>) agus ‘Tá príomh-cheoltóir Altan, Mairead Ní Mhaonaigh, aithnithe mar cheann de na fidléirí is fearr i nDún na nGall mar gheall ar an stíl aonaireach a úsáideann sí ar an fhidil’ (<http://www.dun-na-ngall.com/altan.html>).

⁷² <http://www.rannnafeirste.com/na-briathra/>.

⁷³ ‘Bhíothas in amhras go raibh cáin seachnaithe maidir le tuairim is €2 bhilliún ag an bpríomhamhrastach’ (Eurojust – *Tuarascáil Bhliantúil* 2011 [<http://www.eurojust.europa.eu/doclibrary/corporate/eurojust%20Annual%20Reports/Annual%20Report%202011/>]).

sin a bheadh éagsúil leis an bhfoirm ‘seachanta’, arb í foirm chaighdeánach na rangabhála caite agus an ghinidigh uatha den ainm briathartha ‘seachaint’ araon í.

I gcás briathra dar críoch ‘-ilt’, is í an fhoirm ‘osclaithe (*osclai*)’ a thugann Séamas Ó Murchú mar fhoirm aidiachta briathartha ‘oscail’ i nGaeilge Chonamara, agus deir:

Chomh maith le *osclaithe* tá an leagan *oscailte* ann; ar an gcaoi chéanna *ceangailte* chomh maith le *ceanglaithe*.⁷⁴

As Gaeilge Iorras Aithneach soláthraíonn Brian Ó Curnáin na foirmeacha ‘ceangailte’ agus ‘ceanglaíthe’, ‘oscailte’ agus ‘osclaithe’, ‘coigilte’ agus ‘coi(n)glíthe’, ‘tochailte’ agus ‘tochlaíthe’, ‘fuascailte’ agus ‘fuasclaithe’, agus ‘cuimilte’ agus ‘cuimlíthe’.⁷⁵

Tugtar ‘ceangailt’ mar leagan malartach den cheannfhocal ‘ceangal’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, agus tugann Dónall Ó Baoill na foirmeacha ‘ceanglaí’, ‘ceanglaiste’ agus ‘ceanglaiste’ i dteannta ‘ceangailte’ agus ‘ceangalta’⁷⁶ as Gaeilge Uladh.

Ar na hainmneacha briathartha dar críoch ‘-ilt’ a thugtar i liostaí an Chaighdeáin Oifigiúil tá ‘ceilt’, ‘cigilt’, ‘coigilt’, ‘cuimilt’, ‘deighilt’, ‘eitilt’, ‘fuascailt’, ‘meilt’, ‘mungailt’, ‘múscailt’, ‘oscailt’, ‘satailt’ agus ‘tochailt’. De na hainmneacha briathartha sin faighimid samplaí i nGaeilge Chonnacht de ‘cuimlithe’,⁷⁷ ‘fuasclaithe’,⁷⁸ ‘múscclaithe’⁷⁹ agus ‘osclaithe’⁸⁰ ar Nua-Chorpas na hÉireann. Ar ainmneacha

Annual-Report-2011-GA.pdf).

⁷⁴ Séamas Ó Murchú, *Gaeilge Chonamara*, lch 44, §13.13 – féach, mar shampla, as Nua-Chorpas na hÉireann: ‘Cibé céard a tharla don fhear sin, tá tamall ó shin ann, ar cuireadh ar crochadh bunoscionn sa mbairille uisce é, a chloigeann san uisce ach a cholainn as, a lámha ceanglaíthe’ (Seán Ó Curraoin, *Cloch na Cainte agus dánta eile*, 2003) agus ‘Ach tharraing sé an bhean bhocht sin i ndiaidh curraigh ó Thír an Fhia go dtí An Cheathrú Rua agus rópa ceanglaíthe uirthi, rópa faoina lár agus í i ndiaidh an churrach’ (Conchúr Ó Giollagáin, *Stairsheanchas Mhicil Chonraí – Ón Máimín go Ráth Chairn*, 1999).

⁷⁵ Brian Ó Curnáin, *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, Iml. II, lch 1059, §5.177.


⁷⁶ Dónall Ó Baoill, *Gaeilge Uladh*, lch 34, §2.8.3 – cf. Foscribhinn 7 agus féach Nua-Chorpas na hÉireann: ‘Nuair a fuair sé an baicle uilig sa tseomra thug sé leis na hataí agus chaith sé faoin eallach iad a bhí ceanglaíthe a gceann an toighe’ (Dónall Ó Baoill, *Stair Áitiúil*).

⁷⁷ ‘Agus bhí sé glan ansin, bhíodh sé á choinneáil air corr-uair agus ag coinneáil an t-uisce a bhruith an fheamainn, mar a déarfá, á choinneáil cuimlithe ar a chraiceann agus bhí sé ag dul ar aghaidh go rí-mhaith’ agus ‘dhá bhféadfadh sé é a chur air ina phlástar mar a déarfá, nó é a choinneáil cuimlithe dhe’ (Heinrich Becker, *I mBéal na Farraige*, 1997 [na 1930aí ar aghaidh]).

⁷⁸ ‘De bhrí go mbíonn na fadhbanna fuasclaithe i gcónaí san am a luaitear iad ní féidir le fadhb a bheith choichin sa Státseirbhís’ agus ‘Arae ní féidir a admhachtáil go mbeadh fadhb ag an Státseirbhís nach mbeadh fuasclaithe cheana féin’ (Louis de Paor, *Faoin mBlaoisc Bheag Sin*, 1991 – sleachta as saothar leis an gCadhnaigh a bheadh sa dá shampla sin as tráchtas sin Louis de Paor ar phrós an Chadhnaigh).

⁷⁹ ‘Tá sé múscclaithe le tamall anuas’ (*The Connaught Telegraph On-Line*, 2004).

⁸⁰ ‘Ní bhíonn na tithe tábhairne ... ní rabhadar osclaithe ar chor ar bith’ (Heinrich Becker, *I mBéal na Farraige*, 1997 [na 1930aí ar aghaidh]) – cf. ‘Ba í an chéad duine í a cuireadh



briathartha eile dar críoch ‘ilt’ a d’fhéadfaí cur le liosta an Chaighdeáin Oifigiúil tá ‘diomailt’, ‘dúbailt’, ‘faichilt’,⁸¹ ‘scoilt’, ‘silt’⁸² agus ‘streacailt’, agus faighimid samplaí de ‘dúblaithe’,⁸³ ‘scoiltithe’⁸⁴ agus ‘streachlaithe’⁸⁵ ar Nua-Chorpas na hÉireann. Tabhair do d’aire, chomh maith, go bhfaightear na foirmeacha ‘trochailte’ agus ‘trochluighthe’ araon mar cheannfhocail ag an Duinníneach⁸⁶ agus go dtugann Ó Dónaill ‘trochail’ mar leagan malartach den cheannfhocal ‘trochlaigh’,⁸⁷ agus go bhfaighimid sampla de ‘trochlaithe’ in Acht ón mbliain 1946.⁸⁸

i reilig Áth Buí; ní raibh an reilig i bhfad osclaithe’ agus ‘Bhí deis ag fear an Aibhnín le breith orthu seo, bhí sórt claí déanta aige ar chaon taobh den tsruthán agus bhí mála mór fada a raibh cineál fonsa ina bhéal a choinneodh osclaithe é’ (Conchúr Ó Giollagáin, *Stairsheanchas Mhicil Chonraí – Ón Máimín go Ráth Chairn*).

- ⁸¹ Is mar leagan malartach a thugtar in FGB é, s.v. ‘faichill’.
- ⁸² Arís, is mar leagan malartach d’ainm briathartha ‘sil’ a thugtar in FGB é – is ‘sileadh’ a thugtar mar phríomhfhoirm an ainm bhriathartha ann.
- ⁸³ ‘Ansin bhíodh cineál bóna láidir curtha air, bhí an fleainín dúblaithe thimpeall do mhúineál’ (Conchúr Ó Giollagáin, *Stairsheanchas Mhicil Chonraí – Ón Máimín go Ráth Chairn*) agus, mar shampla eile i nGaeilge Chonamara, “Is ea,” a deir Bríd an Mhaide, “agus a cheann crochta in airde aige agus an gleann álainn a bhí ina dhroim ó chasadh an mhúineáil go dtí an chleith stiúrtha a bhí dúblaithe in íochtar a dhroma agus a raibh dhá chasadh ann faoi bhun an driobaill” (Colm Learaí Ó Finneadha, *Tórramb an Bhardail*, 1995).
- ⁸⁴ Féach, mar shampla de Ghaeilge na Mumhan, ‘Bhuel, bhí barr a cinn scoiltithe le buille d’uirlis éigin agus logán fola in aice a cinn’ (Maidhc Dainín Ó Sé, *Dochtúir na bPiast*, 1993), agus, mar shampla de Ghaeilge Chonamara, ‘Ní bás nádúrtha a fuair an gasúirín sin lena ceann scoiltithe’ (Colm Ó Ceallaigh, *Bridín an Dilleachta*, 1995).
- ⁸⁵ ‘Tá mo choinsias fhéin streachlaithe ó chéile go mion agus go minic agus fós níl a fhios agam cén taobh ar a seasaim’ (an nuachtán seachtainiúil *Foinse*, 18/8/2002).
- ⁸⁶ Gabhann an nod *p.a.* leo araon, i.e., rangabháil, aidiacht rangabhálach.
- ⁸⁷ Tugann Ó Dónaill ‘trochailte’ mar cheannfhocal (aidiacht) agus ‘trochlaithe’ mar fhoirm an ghinidigh uatha d’ainm briathartha an bhriathair ‘trochlaigh’, ‘trochlú’.
- ⁸⁸ ‘aon oibreacha a bheas críochnaithe ag údarás cuain a bheith damáistithe nó trochlaithe i dtreo gur contúirt iad do loingseoireacht’, *any works completed by a harbour authority*

Ainmneacha briathartha dar críoch ‘-(e)an’ agus ‘-im’

Go fiú i gcás dhá fho-ghrúpa sa cheathrú ghrúpa – an grúpa beag deiridh – d’ainmneacha briathartha a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil arb ionann foirm de ghnáth do ghinideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha acu, is amhlaidh go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh i gcás coda díobh idir a bhfoirm sa ghinideach uatha agus foirm na haidiachta briathartha, is iad sin, na hainmneacha briathartha dar críoch ‘-(e)an’ (ar nós ‘ligean’ agus ‘leagan’) agus ‘-im’ (ar nós ‘druidim’, ‘foghlaim’ agus ‘titim’). Cuirtear an ceathrú grúpa sin ainmneacha briathartha i láthair mar a leanas sa Chaighdeán Oifigiúil–

roinnt ainmneacha briathartha firinscneacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan, e.g., *bleán, buaireamb, coimeád, caitheamb, déanamh, iamb, léamb, maitheamb*,⁸⁹ *leagan, scríobh; seasamb, téamb* agus corrainm briathartha eile, e.g., *bruith, druidim*.

Tá samplaí de ‘leagaithe’ agus ‘ligithe’ araon tugtha roimhe seo thuas as *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, le Diarmuid Ó Sé,⁹⁰ mar aon le sampla de ‘tréigithe’ as Acht ón mbliain 1953.⁹¹ Maidir le ‘titim’, faightear samplaí de ‘titithe’ ar Nua-Chorpas na hÉireann, i nGaeilge na Mumhan ach go háirithe,⁹² cé nach bhfuil na samplaí teoranta don chanúint sin,⁹³ agus faighimid sampla amháin de ‘druidithe’ sa

have suffered such damage or decay as to be dangerous to navigation (alt 140(1) den Acht Cuanta, 1946).

⁸⁹ Arís d’fhéadfaí cur le liosta an Chaighdeáin Oifigiúil d’ainmneacha briathartha dar críoch ‘-(e)amh’, agus na cinn seo a leanas a chur san áireamh ach go háirithe: ‘agallamh’, ‘ascnamh’, ‘caidreamh’, ‘cásamh’, ‘cúiseamh’, ‘cúnamh’, ‘déanamh’, ‘éamh’, ‘feitheamh’, ‘fuaidreamh’ agus ‘tórramh’. I dtaca leis an liosta a thugtar ann d’ainmneacha briathartha dar críoch ‘-(e)an’ d’fhéadfaí ‘urlacan’ a chur leis.

⁹⁰ Féach lch 102.

⁹¹ Féach fonóta 26 thuas.

⁹² “Sea, do bhí an rón titithe liom insa deireadh, agus níor mhór ná go rabhas féin, leis, titithe, agus ba dhóbaire go mbeadh deireadh mo shaoil istigh an uair d’fhéachas cruinn ar mo chois, an uair do chonac an canta do bhí aisti agus an tobar fola do bhí á fágaint’ (Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*) – cf. ‘Sall leis sa treo as ar tháinig an glaoch, agus chonaic sé iad, titithe isteach sa díg, bean agus leanbh ar a hucht’ (Siobhán Ní Shuilleabháin, *Eoghan*, 1992) agus ‘Bhí an oíche titithe agus an cé beagnach tréigithe’ (Maidhc Dainín Ó Sé, *Is Glas Iad na Cnoic*, 1997). Faightear ‘Tá an sruthán tuitighthe go mór ó iné’ i nGaeilge Chonamara agus i nGaeilge Chorca Dhuibhne araon, de réir an Athar L. Mc Cionnaith, *Foclóir Béarla agus Gaedhilge, s.v. fall*.

⁹³ Faighimid dhá shampla i nGaeilge Chonnacht: ‘Ní cúrsaí creidimh ar fad é ach gaisce agus uaibhreas ag iarraidh greim a choinneáil gan bhuíochas ar ghiodáinín d’impireacht atá titithe as a chéile’ (Colm Ó Ceallaigh, *Sclábhaíocht*, 1990) agus ‘Tá na duileoga titithe is na crainnte lom géagach’ (Máirín Uí Dhubhda, Meta Uí Mháille, Máire Uí Chonaola, Máire Seoighe, *Idir Mná*, 1995); sampla amháin i nGaeilge Uladh atá sa bhunachar, ó údar a saolaíodh i nDoire: ‘Bhí mar a bheadh scáil dhubh titithe anuas ar a shaol ón am sin ar aghaidh, agus chonacthas do dhaoine gur ag cúbadh agus ag conladh chuige féin a bhí sé as sin amach’ (Anraí MacGiolla Chomhaill, *Pápaí an Fichiú hAois*, 2002).

bhunachar céanna sin, arís i nGaeilge na Mumhan.⁹⁴ Ina dteanntasan, faighimid samplaí de ‘foghlamaithe’⁹⁵ agus ‘foghlaimithe’⁹⁶ ar Nua-Chorpas na hÉireann.

Fágann sin nach raibh ach an grúpa is lú de na ceithre ghrúpa sin ainmneacha briathartha a áirítear sa Chaighdeán Oifigiúil nárbh fhéidir, i gCaighdeán Oifigiúil 1958, idirdhealú a thiocfadh le gnás na Gaeilge a dhéanamh, i gcás sciar mhóir de na hainmneacha briathartha iontu, idir a bhfoirm sa ghinideach uatha agus foirm na haidiachta briathartha, dá mba rud é gur measadh san am gur ghá sin a dhéanamh. Agus, faoi mar a dúradh cúpla uair thuas, d’oibreodh an córas idirdhealaithe nádúrtha sin sna trí ghrúpa sin i gcás ghinideach ainmneacha briathartha dar tús guta agus ghinideach ainmneacha briathartha dar tús consan araon, murab ionann agus córas nua díshéimhithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe.

Iarscríbhinn

Ar eagla na míthuisceana, má thógaimid na hainmneacha briathartha a bhí faoi chaibidil againn sa chuid tosaigh den chaibidil seo, mar shampla, is é sin, ainmneacha briathartha den Dara Réimniú a chríochnaíonn ar ‘-ú’, ní hamhlaidh go bhfuilim ag moladh gur cheart – nó go bhféadfaí – filleadh anois ar ‘-uithe’ mar fhoirceann an ghinidigh uatha de na hainmneacha briathartha sin, tharla ‘-aithe’ a bheith á scríobh le breis is leathchéad bliain anuas sa chás sin, d’ainneoin an foirceann céanna sin a bheith ag an aidiacht bhriathartha. Ach léirítear sa tslí a bhfuarthas réidh leis an malairt litrithe sin idir an ginideach den ainm briathartha agus an aidiacht bhriathartha, sa bhliain 1958, nár braitheadh, tráth foilsithe an Chaighdeáin Oifigiúil, go raibh an baol measctha chomh mór ná chomh dosheachanta sin nach bhféadfaí fáil réidh leis an mbealach sin chun idirdhealú a dhéanamh idir an dá fhoirm sin fad a bhain leis an sciar mór sin d’ainmneacha briathartha na Gaeilge. Téann an díshéimhiú atá curtha chun cinn

⁹⁴ ‘Bhí sé druidithe isteach sna blianta nuair a chuaigh sé ag iascach i mbád Johnny Frank’ (Maidhc Dainín Ó Sé, *Chicago Driver*, 1992) – cf. Foscríbhinn 7; faighimid samplaí ó dheisceart Thiobraid Árann, a breacadh síos sna seascaidí, ag an nasc <http://focailfholaithie.fng.ie/content/druid-7>. Féach, chomh maith, an sampla seo a leanas, as díospóireacht Dála ar an 27 Samhain 1929: ‘Nach é an Ceathrú Rua agus áiteacha eile mar é a chuir iachall ar Balfour agus na daoine a tháinig ’na dhiaidh Bord na gCeanntar Druidithe do chur ar bun an chéad uair’ (an Teachta Dála Seosamh Ó Mongáin, <http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/DebatesWebPack.nsf/takes/dail1929112700052#N139>).

⁹⁵ ‘Bhí foghlamaithe aige conas éaló uaithi; bheith do-fheicithe’ (Mícheál Ó Laoghaire, *Tearmainn Mheabhail*, 2003) agus ‘Tá súil a’am anois go bhfuil do cheacht foghlamaithe a’at’ (Louise Ní Fhiannachta, *Ros na Rún*, 1999).

⁹⁶ ‘nílimid cinnte an féidir cumas an duine a mheas gan bheith ag brath a bheag nó a mhór ar cad é atá foghlaimithe aige cheana ó oideachas nó ó chultúr’ (*www, BBC - Northern Ireland – Blas*, 2004) agus ‘Tá a gceacht foghlaimithe acu’ (an nuachtán seachtainiúil *Anois*, 24/2/1996).

sa Chaighdeán Athbheithnithe mar bhealach chun foirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha agus an aidiacht bhriathartha a idirdhealú óna chéile chomh mór sin i gcoinne ghnás scríofa na Gaeilge ní amháin le leathchéad bliain anuas ach leis na céadta bliain nár fhéad Rannóg an Aistriúcháin féin a riail nua féin a chur i bhfeidhm i gcás roinnt téarmaí tharla na téarmaí sin, gona séimhiú, a bheith chomh bunaithe sin sa teanga i gcoitinne agus sna fasaigh ó thaobh na reacht-aíochta de ach go háirithe. Faightear ‘príomháit chónaithe phríobháideach’ in Acht ón mbliain 2015,⁹⁷ ar téarma é a fhaightear san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013,⁹⁸ chomh maith, mar shampla. Tá an-chuid samplaí de ‘uimhir thagartha’ san Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2014,⁹⁹ mar shampla, agus féach ‘uimhir chláráithe’ mar aistriúchán ar *registration number* san Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013.¹⁰⁰ Ar deireadh, faightear ‘seirbhísí d’othair chónaithe’¹⁰¹ san Acht um Chosaint na Beatha le linn Toirchis, 2013 – sampla atá ansin den séimhiú ar an ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol, arb é a bheith faoi chaibidil againn sa chéad chaibidil eile.

⁹⁷ ‘ciallaíonn “príomháit chónaithe phríobháideach” teach cónaithe ... atá ar áitiú ag pearsa aonair mar a aon-áit ... nó a phríomháit ... chónaithe agus foláíonn sé talamh atá ag an bpearsa aonair le haghaidh a áitíochta agus a shealúchais ... féin mar aon leis an áit chónaithe sin mar gharraí ... leis an áit chónaithe sin’, “*principal private residence*” means a dwelling house ... occupied by an individual as his ... only or main residence and includes land which the individual has for his ... own occupation and enjoyment with that residence as its garden (alt 5(9) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015).

⁹⁸ ‘ciallaíonn “teaghais” áitreabh atá á áitiú ag duine mar áit chónaithe phríobháideach aige nó aici (cibé acu mar príomháit chónaithe phríobháideach aige nó aici nó a mhalairt)’, “*dwelling*” means a premises occupied by a person as his or her place of private residence (whether or not as his or her principal private residence) (alt 21(9) den Acht) – cf. ‘Tá feidhm ag an alt seo maidir le talamh arb éard é ... príomháit chónaithe phríobháideach mhorgáisteoir na talún lena mbaineann’, *This section applies to land which is the principal private residence of ... the mortgagor of the land concerned* (alt 2(1)(a) den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2013).

⁹⁹ ‘trí “3” a chur isteach ag uimhir thagartha 2’, *by inserting “3” at reference number 2* (alt 10(a)(i)(I) den Acht), mar shampla.

¹⁰⁰ ‘i gcás go ndéanítear an ceadúnas i leith feithicle, marc sainaitheantais uathúil (uimhir chláráithe) na feithicle’, *where the licence is granted in respect of a vehicle, the unique identification mark (registration number) of the vehicle* (alt 18(3)(e) den Acht).

¹⁰¹ *in-patient services* (alt 3(1)(a) den Acht thuasluaite).

CUID II

An t-ainm briathartha agus an t-ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh dar críoch consan caol

Boird

- leabhair thragartha · **innill bhainte féir** údaráis chustam
- **oifigigh clustam** · Bord Iascaigh Mhara
- cliatháin choic · **ceantair chúrte dúiche** ábhair chonspóide poiblí
- **gealltanais phósta** · cumainn chosanta géim · **sárú gealltanais phósta** · liúntais chothaithe · **fir bhunúil ar bhair**
- ospidéal mhópharghalar · **forais chreidmheasa** · **limistéir chónaithe** · fir ghlanta fúinneog · **pinsin bhainneach** leabhair chuntas
- Oích Chinn Bhliana · **boird bhainistíochta** · **gadhair threoraithe**
- **fir chosanta na tíre** · poill choinní · **cláir mhaoinithe** · corcáin phrátaí · **chaidrimh lionscail** · eatraimh bhliana
- **maoir thrácha** · soláthar éalaigh chosanta · **boird ghobharnóir** brioscáin phrátaí · othair chónaithe · **fir chosanta Cheche Fáil**
- toirt aráin choirce · **boird bhainistíochta** · **Cúirt Achomhairc Dheiridh** cumainn pholaitíochta · ionaid chónaithe
- **cruinniú cinn bhliana**

An t-ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol

Mar a dúramar i dtús an staidéir seo, murab ionann agus an Caighdeán Oifigiúil, tá an t-ainmfhocail iolra dar críoch consan caol curtha san áireamh sa Chaighdeán Athbhreithnithe i nach mór gach aon mhír nó aicme de na heisceachtaí ó riail an tséimhithe ar an ainmfhocail éiginnte ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha a leagtar amach ann.¹ Dá réir sin, más ionann foirm don ainm briathartha sa ghinideach uatha ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol agus don aidiacht bhriathartha, rialaítear sa Chaighdeán Athbhreithnithe go bhfuil an t-ainm briathartha le díshéimhiú, díreach mar atá i gcás an ainm bhriathartha ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha. Mar a mhínítear sa Chaighdeán Athbhreithnithe é, faoi mar a chonaiceamar i gCaibidil 1 (lch 18-19), is é is brí le ‘caisleáin chosanta’ ná ‘caisleáin atá cosanta’, agus d’fhonn ‘caisleáin chun cosaint a dhéanamh’ a chur in iúl ní mór, de réir an Chaighdeáin sin, ‘caisleáin cosanta’ a scríobh. Tugtar sampla amháin eile le cois ‘caisleáin chosanta’, is é sin, ‘caighdeáin fhorbartha’, arb é is brí leis ná ‘caighdeáin atá forbartha’, dar leis an gCaighdeán Athbhreithnithe, i gcomórtas le ‘caighdeáin forbartha’, arb é is brí leis ná ‘caighdeáin chun forbairt a dhéanamh’, de réir an Chaighdeáin sin.²

Athrú suntasach atá anseo ar rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil. Ar na samplaí de

¹ An t-aon mhír nach gcuirtear an t-ainmfhocail ainmfhocail firinsneach iolra dar críoch consan caol san áireamh sna samplaí inti ná mír a bhaineann le ‘ginideach comhaisnéise i gcás daoine’: ‘más ginideach comhaisnéise an dara hainmfhocail agus más duine atá i gceist:– *baintreach fir, óinseach mná*’ (*An Caighdeán Athbhreithnithe*, lch 204, mír (i) – tagraítear siar don mhéid seo a leanas ar lch 201: ‘más ginideach comhaisnéise an dara hainmfhocail agus más ainmí ... atá i gceist, glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocail mar thuirisc ar chineál an chéad ainmfhocail’ agus séimhítear é [tugtar *cráin mhuice* agus *stail chapail*] mar shamplaí]).

Tráchtfar ar ball thíos ar shamplaí a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil den easpa séimhithe ar ‘d’, ‘t’ agus ‘s’ i gcás ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocail firinsneach iolra dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’ caol, ar samplaí iad a thugtar i bhfoirm fonóta sa Chaighdeán Oifigiúil seachas i mír nó in aicme ar leith (mar a dhéantar i gcoitinne i gcás samplaí den díshéimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha). Ar an lámh eile, murab ionann agus na heisceachtaí ó riail an tséimhithe i gcoitinne, tabhair do d’aire, mar a chonaiceamar i dtús an staidéir, go n-áirítear samplaí den séimhiú ar ainmfhocail sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocail iolra dar críoch consan caol i mbunriail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil (i.e. ‘cumainn chrábhaidh’, ‘ábhair chulaithe’ agus ‘innill bhainte’).

² Is mar seo a leanas a chuirtear é sin i láthair sa Chaighdeán Athbhreithnithe: ‘*caighdeáin forbartha*’ (= caighdeáin chun forbairt a dhéanamh) ach *caighdeáin fhorbartha* (= caighdeáin atá forbartha). I dtaca leis an eiseamláir áirithe sin, áfach, mar a aithnítear sa Chaighdeán Athbhreithnithe féin, ní gnách séimhiú a chur ar ‘f’ tosaigh ainmfhocail sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocail eile, pé scéal é – féach Caibidlí 15-16 thíos.



riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal iolra dar críoch consan caol a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil tá ‘innill bhainte’. Bhí an fhoirm áirithe sin le fáil in Acht ón mbliain sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil³ – agus faighimid ‘innill bhainte féir’ in Ionstraim Reachtúil ón mbliain 1972.⁴ Is mór idir iadsan agus na foirmeacha

eiseamláireacha atá i riail nua an Chaighdeáin Athbhreithnithe, nach bhfuil ag teacht le traidisiún na reachtaíochta sa Ghaeilge faoi mar a léirítear sin in Achtanna an Oireachtais a foilsíodh suas go dtí tráth foilsithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe. Faightear, mar shampla, ‘Sceideal ... de chórais chosanta in aghaidh dóiteáin’ mar aistriúchán ar *Schedule of ... fire protection systems* in Acht ón mbliain 2011;⁵ in Acht ón mbliain roimhe sin faightear ‘Ráitis éilimh agus chosanta’ mar aistriúchán ar *Statements of claim and defence*,⁶ agus aistrítear *protective screens* mar ‘scáileáin chosanta’ in Acht ón mbliain 1958.⁷

Ag teacht le ‘áit chónaithe’, a tugadh i gCuid I agus an séimhiú ar lorg an ainmfhocail bhaininscnih uatha faoi chaibidil againn, faighimid ‘aonaid chónaithe’,⁸ ‘ionaid

³ ‘Dleacht d’fhorchur ar chéachtaí, diosc-chliatha agus innill bhainte áirithe’, *Imposition of duty on certain ploughs, disc harrows, mowers* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht d’Fhorchur Dleacht (Orduithe a Dhaingniú), 1957 – tagairt is ea é sin d’Ionstraim Reachtúil Uimh. 227 de 1956, lena ngabhann an Nóta Míniúcháin seo a leanas: ‘Is é is feidhm don Ordú seo dleacht Chustam ... a chur ar inneallra cumhacht-tharraingte talmháiochta áirithe, mar atá, céachta, diosc-chliatha agus innill bhainte áirithe’, *This Order imposes a Customs duty ... on power-drawn agricultural machinery, comprising certain ploughs, disc harrows and mowers*. Mar shampla den séimhiú ar an nginideach de ‘baint’ i ndiaidh ‘innill’, agus an fhoirm sin mar fhoirm an ghinidigh uatha de ‘inneall’, féach línte tosaigh dhán Chathail Uí Shearcaigh, ‘Scrúdú coinsiasa roimh dhul chun suain’: ‘Faic na fríde de bhraodar / níor chuir d’anhás, a thraonaigh, / ar thiománaí an innill bhainte’ (*Súile Shuibhne*, 1983).

⁴ ‘innill bhainte féir; cáiteoirí agus innill ghlantacháin dá samhail le haghaidh síl, gráin nó glasraí píseánacha agus innill ubhghrádála agus innill ghrádála eile le haghaidh torthaí talmháiochta’, *hay or grass mowers; winnowing and similar cleaning machines for seed, grain or leguminous vegetables and egg grading and other grading machines for agricultural produce* (Uimhir Cheannteideal Taraiife 84.25 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um Bunadh Earraí Monaraithe (Tíortha Forásmhara), 1972 [I.R. Uimh. 62 de 1972]).

⁵ ‘Sceideal de ghléasra, de threalamh agus de chórais chosanta in aghaidh dóiteáin ina sonrófár saol úsáideach tuartha an ghléasra, an trealaimh nó na gcóras sin’, *Schedule of plant, equipment and fire protection systems specifying the expected useful life of such plant, equipment and systems* (alt 10 de Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011).

⁶ Teideal Airteagal 23 de Théacs Dhlí Eiseamláireach UNCITRAL i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Eadrána, 2010.

⁷ ‘scáileáin chosanta’, *protective ... screens* (alt 12(4) den Acht um Áitribh Oifige, 1958).

⁸ ‘I gcás ... gur aonaid chónaithe iad na haonaid go léir i bhforbairt ilaonad’, *Where ... all*

chónaithe’,⁹ ‘limistéir chónaithe’,¹⁰ ‘othair chónaithe’,¹¹ ‘pobail chónaithe’,¹² ‘riachtanais chónaithe’,¹³ agus ‘teaghlaigh chónaithe’,¹⁴ in Achtanna éagsúla. I gcás ‘pósadh’, a bhfacamar samplaí de thuas agus é arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha, faighimid ‘bronntanais phósta’,¹⁵ ‘ceadúnais phósta’,¹⁶ ‘gealltanais phósta’,¹⁷ ‘pinsin phósta’,¹⁸ agus ‘stádais phósta’,¹⁹ sna hAchtanna.

7.—(1) Aon uair a cheadóidh Aire na Seirbhíse Poiblí—

(a) méaduithe ar phinsin (lena n-áirítear pinsin bhreise nó pinsin phósta) agus ar liúntais faoi na hAchtanna, cibé acu a bneidh nó nach mbeidh an pinsean nó an liúntas i gcúrsa a fóca;

the units in a multi-unit development are residential units (alt 2(2) den Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011).

- ⁹ ‘Oideachas leanaí i scoil choinneála leanaí, in ionaid chónaithe, etc’, *Education of children in children detention school, residential centres, etc.* (teideal taoibhe alt 159A d’Acht na Leanaí, 2001, arna chur isteach le halt 147 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006) – cf. ‘ionaid chónaithe do leanaí’, *children’s residential centres* (alt 45(1)(a) den Acht Sláinte, 2007).
- ¹⁰ ‘Forálacha a bhaineann le limistéir chónaithe áirithe’, *Provisions relating to certain residential areas* (teideal taoibhe alt 6 d’Acht na nAinmhithe, 1985).
- ¹¹ ‘Saoráid cúraim sláinte a sholáthraíonn seirbhísí d’othair chónaithe’, *A health care facility providing in-patient services* (mír 4 den Seachtú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna cur isteach le halt 78(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010) – cf. ‘na Rialacháin Sláinte (Seirbhísí d’Othair Chónaithe), 1993, *the Health (In-Patient Services) Regulations, 1993* (I.R. Uimh. 224 de 1993).
- ¹² ‘cuspóirí maidir le pobail chónaithe atá ann cheana féin a fheabhsú’, *objectives for the improvement of existing residential communities* (alt 7(6)(a)(vi) den Acht um Athnuachan Uirbeach, 1998).
- ¹³ ‘suim nach mó ná cíos trí bliana do chóiríocht ionadúil atá réasúnta oiriúnach le haghaidh riachtanais chónaithe ... an tionónta’, *a sum not exceeding three years’ rent of alternative accommodation which is reasonably suited to the residential ... needs of the tenant* (alt 16(1) d’Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982 – cf. ‘riachtanais chónaithe agus riachtanais eile an tionónta’ in alt 16(1) d’Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982, arna ionadú le halt 41(3) den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 – ní raibh de leasú sa leagan Béarla ag freagairt don téacs Gaeilge sin ach *of the tenant*).
- ¹⁴ ‘Le haghaidh costais i ndáil le Teaghlaigh Chónaithe agus Scoileanna Speisialta’, *For expenses in connection with Residential Homes and Special Schools* (Uimh. Thag. 32 den Sceideal a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1984).
- ¹⁵ ‘bronntanais phósta’, *marriage gifts* (teideal taoibhe alt 41 den Acht Airgeadais, 1971).
- ¹⁶ ‘Deireadh le dleachta stampa ar cheadúnais phósta’, *Abolition of stamp duties on marriage licences* (teideal taoibhe alt 23 den Acht Airgeadais, 1954).
- ¹⁷ ‘Gan gealltanais phósta a bheith inchurtha i bhfeidhm leis an dlí’, *Engagements to marry not enforceable at law* (teideal taoibhe alt 2 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1981).
- ¹⁸ *married pensions* (alt 7(1)(a) den Acht Arm-Phinsean, 1980) – féach fonóta 48 thíos.
- ¹⁹ ‘tá stádais phósta éagsúla ag C agus D’, *C and D have different marital status* (alt 28(1)(a) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998).

Ainmneacha briathartha eile

Téarma atá bunaithe le fada i scríbhneoireacht acadúil na Gaeilge atá i ‘leabhair thagartha’, ar téarma é a fhaightear in Acht ón mbliain 2009, mar shampla,²⁰ chomh maith. Aistrítear *grading standards* mar ‘caighdeáin ghrádaithe’ in Acht ón mbliain 1990,²¹ agus aistrítear *standards of manufacture* mar ‘caighdeáin mhonaraithe’ in Acht ón mbliain 1979.²²

Ar shamplaí eile as na hAchtanna d’ainmneacha briathartha arna séimhiú sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocail iolra dar críoch consan caol tá na cinn seo a leanas:

‘gairis bhraite’,²³ ‘fearais bhuailte’,²⁴ ‘ceadúnais bhuidéalaithe’,²⁵
‘córtais chaidéalaithe’,²⁶ ‘riachtanais chaomhnaithe’,²⁷

-
- ²⁰ ‘leabhair thagartha’, *books of reference* (alt 159(1) den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009) – chun sampla as Acht ó leathchead bliain roimhe sin a thabhairt, féach alt 2(1) sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Údarás Craolacháin, 1960: ‘Cuirfidh an tÚdarás faoi deara ... léarscáileanna, pleananna, agus leabhair thagartha a thaisceadh de réir na míre seo’, *the Authority shall cause maps, plans, and books of reference to be deposited in accordance with this paragraph*; mar shampla den aidiacht bhriathartha ‘tagartha’ i réimse na reachtaíochta, féach ‘tá na ceanglais mhionsonraithe leagtha síos sna hairteagail thagartha agus sna tagairtí do dhoiciméid sa tábla seo’, *the detailed requirements are laid down in the referenced articles and document references in this table* (Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair).
- ²¹ ‘caighdeáin ghrádaithe agus cháilíochta le haghaidh táirgí gairneoireachta a bhunú’, *the establishment ... of grading and quality standards for horticultural produce* (alt 9(a) den Acht um Bord Glas, 1990).
- ²² Alt 6(4) den Acht Sláinte (Beartú Muiríne), 1979.
- ²³ ‘déanamh, ... úsáid agus ní ar bith eile i dtaobh lampáí sábhála, gairis soilsiúcháin agus gairis bhraite lena n-úsáid i mianach’, *the construction, ... use and any other matter with respect to safety lamps, lighting apparatus and detection apparatus for use in a mine* (alt 64(1)(a) den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965) – tá ‘gairis’ á áireamh agam anseo mar fhoirm iolra, ar aon dul le ‘lampáí’, ach d’fhéadfaí glacadh leis go díreach mar ghinideach uatha, chomh maith.
- ²⁴ *threshing appliances* (alt 4(b) sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) (Uimh. 2), 2008 – cf. alt 4(b) sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998).
- ²⁵ ‘Ceadúnais bhuidéalaithe ainme ginearálta’, *General designation bottling licences* (teideal taoibhe alt 6 den Acht Bainne agus Déirithe (Leasú), 1956) – díriodh sa chaibidil dheireanach ar an ‘-u-’ sin i bhfoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha.
- ²⁶ ‘trealamh chun uisce i mboilg agus i spásanna na long sin a bhrath agus córais chaidéalaithe a sholáthar’, *equipment to detect water in the holds and spaces of such ships and to provide pumping systems* (alt 14(6)(g) den Acht Loingis Cheannaíochta, 2010).
- ²⁷ ‘... tabharfaidh sé nó sí aird ar riachtanais chaomhnaithe an speicis d’éin fhiáine chosanta ... a bheidh i gceist’, *the Minister shall have regard to the conservation requirements of the species of protected wild birds ... concerned* (alt 29(2) den Acht um Fhiadhúlra, 1976, arna ionadú

‘priacail chlaochlaithe’,²⁸ ‘airteagail chomhaontaithe’,²⁹ ‘cláir chomhardaithe’,³⁰ ‘caiteachais chothaithe’,³¹ ‘costais chothaithe’,³² ‘liúntais chothaithe’,³³

le halt 4 d’Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí), 2000).

- ²⁸ ‘De bhrí gur ghá, faoi Straitéis Maoinithe Éagsúlaithe, priacail chlaochlaithe agus bhoinn a bhainistiú’, *Given that a Diversified Funding Strategy would require the management of transformation and basis risks* (alt 4(6) den Chomhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach, 2010).
- ²⁹ ‘Acht do dhéanamh socrú maidir leis an Rialtas do ghlacadh leis an leasú ar Airteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a cheadaigh Bord Rialtóirí an Chiste sin an 15 Nollaig 2010’, *An Act to make provision in respect of the acceptance by the Government of the amendment of the Articles of Agreement of the International Monetary Fund approved by the Board of Governors of that Fund on 15 December 2010* (teideal fada an Achta um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 2012) – cf. ‘Airteagail Chomhaontaithe na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta’, *Articles of Agreement of the International Finance Corporation* (teideal an Sceidil a ghabhann leis an Acht um an gCorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta, 1958); ‘Airteagail Chomhaontuithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta’, *Articles of Agreement of the International Monetary Fund* (ceannteideal Chuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957).
- ³⁰ ‘Le linn comhlachtaí corpraithe d’aicme áirithe a fhorordú, féadfaidh an Banc an aicme a mhíniú faoi threoir aon sainghné comhchoitinne de chuid na haicme, lena n-áirítear ... méid chlár chomhardaithe na gcomhlachtaí corpraithe’, *In prescribing bodies corporate of a particular class, the Bank may define the class by reference to any common characteristic of the class, including ... the size of the balance sheets of the bodies corporate* (alt 22(5) den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010); cf. ‘is cuideachta de mhéid a fhágann nach gceadaítear di cláir chomhardaithe ghiorraithe a tharraingt suas faoi Airteagal 11’, *a company which is of such a size that it is not permitted to draw up abridged balance sheets under Article 11* (alt 2(1) den Acht um Chúiteamh d’Infheisteoirí, 1998), agus ‘Ráitis Ioncaim agus Chaiteachais agus Cláir Chomhardaithe’, *Statements of Revenue and Expenditure and Balance Sheets* (alt 12(3) den Chóiriú sa Sceideal a ghabhann le hAcht Tionscail na gCon, 1958) – féach, chomh maith, ó Acht a foilsíodh cúig bliana roimhe sin, is é sin, cúig bliana sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil: ‘É bheith d’oblagáid cláir chomharduithe ... a thabhairt don Aire’, *Obligation to furnish balance sheets ... to the Minister* (teideal taoibhe alt 24 den Acht Mine Féir (Táirgeadh), 1953).
- ³¹ ‘Féadfaidh an Bord a chaiteachais taistil agus chothuithe d’íoc le comhalta d’fhreastail cruinniú den Bhord’, *The Board may pay to a member attending a meeting of the Board ... his travelling and subsistence expenses* (alt 20 d’Acht na Radharcmhastóirí, 1956).
- ³² ‘Costais taistil agus chothuithe’, *Travelling and subsistence expenses* (alt 3 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Leabharlanna Poiblí, 1947); ‘caiteachais’ atá ar *expenses* san Ordú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 4), 1949 – mar a bhfaightear téarmaí a bhaineann le cleachtas, fianaise agus nós imeachta – agus sna *Téarmaí Dlí* dá réir sin.
- ³³ ‘liúntais taistil agus chothaithe comhaltaí painéil’, *the travelling and subsistence allowances of panel members* (alt 36(11)(a) den Acht Carthanas, 2009) – cf. ‘... féadfar cibé liúntais taistil agus chothaithe a cheadóidh an tAire ... a íoc leis’, *A person ... may be paid such travelling and subsistence allowances as are approved by the Minister* (alt 6(5) den Acht um an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Pobail, 1982), agus ‘Féadfar ... pé costais taistil agus liúntais chothuithe a chinnefidh an tAire ... d’íoc ... leis an rúnaí’, *There may be paid ... to the secretary ... such travelling expenses and subsistence allowances as the Minister ... may determine* (alt 67(3) den Acht Iompair, 1944).

‘údaráis chraolta’,³⁴ ‘liúntais chuimilte’,³⁵
‘córais chuisnithe’,³⁶ ‘sochair dháilte’,³⁷
‘ábhair fhálaithe’,³⁸ ‘dliteanais fhrithgheallta’,³⁹
‘ród-innill ghluaiste’,⁴⁰ ‘cláir mhaoinithe’,⁴¹
‘ábhair phacáistithe’,⁴² ‘próisis phléite’,⁴³

-
- ³⁴ ‘socrú a dhéanamh le húdaráis chraolta eile i dtaobh cláir a fháil’, *to arrange with other broadcasting authorities for the receipt ... of programmes* (alt 16(2)(h) den Acht um Údarás Craolacháin, 1960).
- ³⁵ ‘liúntais chaithimh agus chuimilte a bheidh le tabhairt d’aon duine i leith innealra nó gléasra lena mbaineann an fo-alt seo’, *wear and tear allowances to be made to any person in respect of machinery or plant to which this subsection applies* (alt 284(3A)(b) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 23(a) den Acht Airgeadais, 1998) – cf. ‘nuair a bheifear á chinneadh an bhfuil aon liúntais chaithimh agus chuimilte ... le tabhairt’, *in determining whether any ... wear and tear allowances ... are to be made* (alt 277(4) den Acht Cánach Ioncaim, 1967).
- ³⁶ ‘iad sin atá i gceangal ... le córais chuisnithe, ocsaiginithe, inslithe theirmigh nó le sainchórais eile sa mhótarfheithicil’, *those which are ... connected to ... refrigeration, oxygenation, thermal insulation or other specialised systems in ... the motor vehicle* (alt 94(2)(b)(i) den Acht Airgeadais, 1999).
- ³⁷ ‘nach bhfaigheann siad go léir sochair dháilte chuí’, *they do not all receive proper distribution benefits* (alt 66(3)(d) den Acht Airgeadais, 1990).
- ³⁸ ‘ábhair thógála agus fhálaithe lena n-úsáid d’aontoisc in oibreacha a mbíonn ceannaitheoirí na n-ábhar sin cáilithe chun deontais ina leith’, *building and fencing materials for use solely in works in respect of which the purchasers of the materials qualify for grants* (alt 1(a)(iii) de Chuid I den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1978).
- ³⁹ ‘ríomh na gcúlchistí teicniúla nó matamaiticiúla a bheidh in ionannas do dhliteanais fhrithgheallta’, *the calculation of technical or mathematical reserves representing underwriting liabilities* (alt 12(a) den Acht Árachais, 1989).
- ⁴⁰ ‘Ród-innill ghluaiste agus innill talmhaíochta’, *Road locomotives and agricultural engines* (alt 4 den Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid, 1926); cf. san alt céanna sin 4: ‘Innill treabhtha ghluaiste’, *Locomotive ploughing engines*; féach, áfach, an comhfhocal ‘inneallghluaiste’ i dteideal taobhse alt 20 den Acht: ‘Diúitéthe méaduithe ar fheithicilí inneallghluaiste’, *Increased duties on mechanically propelled vehicles* – faightear ‘inneallghluaiste’, *mechanically propelled*, mar cheannfhocal i bhFoclóir Uí Dhónaill.
- ⁴¹ ‘ach ní hionann an méid sin agus comhlachtaí ... Ultach-Albanacha a oibríonn go heisiach i dTuaisceart Éireann a eisiann ó rochtain a fháil ar chláir mhaoinithe de chuid Rialtas Thuaisceart Éireann’, *but this does not exclude Ulster-Scots bodies ... operating exclusively in Northern Ireland from accessing Northern Ireland Government funding programmes* (alt 1.6(c) de Chuid 5 d’Iarscríbhinn 2 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999).
- ⁴² ‘boscaí agus ábhair phacáistithe eile do tháirgí talmhaíochta’, *boxes and other packaging materials for agricultural products* (alt 1(a)(iii) i gCuid I den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1978).
- ⁴³ ‘más rud é go bhfuil ábhar sa taifead áirithe a bhaineann le próisis phléite an chomhlachta phoiblí lena mbaineann’, *if the record concerned contains matter relating to the deliberative processes of the public body concerned* (alt 20(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997).

‘maoir thrácha’,⁴⁴ ‘tranglaim thrácha’,⁴⁵
‘ábhair thruaillithe’⁴⁶ agus ‘cloig thumtha’.⁴⁷

Arís, ar ndóigh, ní oibríonn an t-idirdhealú atá curtha chun cinn sa rialail nua i gcás ainmneacha briathartha dar tús guta nó consan neamh-inséimhithe, ná i gcás ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal iolra dar críoch guta. Agus, ar aon nós,

⁴⁴ ‘Maoir thrácha’, *Traffic wardens* (teideal taoibhe alt 42 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010) – cf. ‘an tAcht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thrácha), 1975’, *the Local Authorities (Traffic Wardens) Act, 1975*, agus ‘Féadfaidh comhairle chontae ... nó coimisinéirí baile ... a shocrú go ndéanfaidh daoine (dá ngairmtear maoir thrácha san alt seo) a fhostóid ... patról ar áiteanna a dtéann leanaí scoile trasna an bhóthair’, *The council of a county ... or the commissioners of a town may ... make arrangements for the patrolling, by persons (in this section referred to as traffic wardens) employed ... by them, of places where school-children cross the road* (alt 37(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 1955).

⁴⁵ ‘gur lúide an dóchúlacht go dtarlódh tranglaim thrácha bóthair trácht iarnróid do scor’, *the cessation of railway traffic would ... lessen the likelihood of blockages to road traffic* (brollach an Chomhaontaithe sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Iompair (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979).

⁴⁶ ‘áitribh a cheadúnú as a scaoiltear ábhair thruaillithe amach san atmasféar, agus toirmeasc a chur le hábhair thruaillithe a scaoileadh amach san atmasféar ó áitribh’, *licensing of premises from which pollutants are discharged into the atmosphere, and prohibiting discharge of pollutants into the atmosphere from premises* (alt 10(2)(j) den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1962).

⁴⁷ ‘Féadfaidh na hOntaobhaithe ... pé dreidírí, creimírí, innill, báid tarraingthe, lictéirí, árthaí, cluig thumtha, crainn tógála, meaisinteacht agus fearas ... agus is dóich leo is gá ... d’úsáid’, *The Trustees may ... use such ... dredgers, eroders, engines, tugs, lighters, vessels, diving bells, cranes, machinery and apparatus as they think necessary* (alt 23(1) den Ordú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Daingnithe Orduithe Shealadaigh um Píara agus Cuan (Uimh. 2), 1932).

Le léiriú beag a thabhairt ar mhacasamhla na bhfoirmeacha sin thuas i Rialacháin ón Aontas Eorpach féach na trí shampla seo a leanas: ‘go gcomhlíonfaidh na sócmhainní na critéir dheartha, chaighdeáin, agus acmhainneachta atá sonraithe ag an rialtas’, *that the assets meet the design, quality, and capacity specified by government* (Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013); ‘anailís ar riachtanais mhaoinithe FBManna ar leibhéal an Aontais’, *an analysis of the SME financing needs at Union level* (Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013), agus ‘aitheantas a thabhairt do chumainn phóir agus oibríochtaí pórúcháin agus na cláir phóraithe a chuireann siad i gcrích ar ainmhithe pórúcháin a fhormheas’, *the recognition of breed societies and breeding operations and the approval of the breeding programmes they carry out on breeding animals* (Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... 2014/0032 (COD)).

Agus le léiriú beag a thabhairt ar a leithéidí sna hIonstraimí Reachtúla, féach ‘féadfar barántais chimithe a dhíriú chun Rialtóir an Phríosúin a mbeidh an duine á chimiú ... faoina choimeád’, *Warrants of committal may ... be addressed to the Governor of the Prison into whose custody the person is being committed* (na Rialacha Cúirte Dúiche, 1997), agus ‘na táillí is inmhuirearaithe i ndáil le taifid ... i Leabhair Thaisceadta na mBreitheanna Coigríche’, *the fees chargeable in connection with entries in the Foreign Births Entry Books* (na Rialachán um Breitheanna Coigríche (Leasú), 1981).

mar a chonaiceamar i gcás an ainm bhriathartha agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha, bíonn sé an-soiléir de ghnáth i gcás an ainm bhriathartha atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra nach aidiacht bhriathartha atá ann. Is beag an baol atá ann, mar shampla, go measfadh duine gurbh í an bhrí a bhí le ‘na hAchtanna Cosanta’ ná ‘na hAchtanna atá cosanta’. Agus ní móide an baol atá ann go measfadh duine gur ‘pinsin atá pósta’ atá i gceist le ‘pinsin phósta’ ná an baol go measfadh duine gurbh in a bhí i gceist leis an téarma Béarla a fhreagraíonn dó sin sna hAchtanna, is é sin, *married pensions*.⁴⁸

Cuspóir ag gabháil leis an ainm briathartha

Is amhlaidh, chomh maith, go gcuirtear riail nua sin an díchéimhithe san áireamh sa Chaighdeán Athbheithnithe fiú nuair a ghabhann cuspóir leis an ainm briathartha sa ghinideach. Mar a chonaiceamar níos luaithe sa staidéar seo (lch 36), athraítear sampla Chaighdeán 1958, ‘fir bhualte an arbhair’, gona shéimhiú, go ‘innill buailte an arbhair’ sa Chaighdeán Athbheithnithe – de réir na rialach nua, is éard a chiallódh ‘fir bhualte’ ná ‘fir atá buailte’ (i.e., a bhfuil deireadh leo). Ach, mar a chonaiceamar i gcás an ainm bhriathartha agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha, is lú go mór an baol atá ann go measfadh duine gur aidiacht bhriathartha a bhí sa ghinideach den ainm briathartha cuspóir a bheith ag gabháil leis an ainm briathartha sa ghinideach. Mar a tharlaíonn, is iad an dá shampla den ainm briathartha a bhfuil cuspóir ag gabháil leis, agus an t-ainm briathartha sa ghinideach, a thugann Dónall Ó Baoill agus Éamonn Ó Tuathail in *Úrchúrsa Gaeilge* (1992) ná ‘fir chosanta na tíre’ agus ‘innill bhainte móna’⁴⁹ – áiríonn Micheál Ó Murchú an téarma deiridh sin, mar aon le ‘cóir chanta iomann’ agus ‘fir dhéanta cruaiche’, ina alt thuasluaite, ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’,⁵⁰ mar a n-áitíonn sé nár cheart an cáilitheoir áirithe sin a shéimhiú i gcás nach bhfuil cuspóir ag gabháil leis.⁵¹

⁴⁸ ‘méaduithe ar phinsin (lena n-áirítear pinsin bhreise nó pinsin phósta)’, *increases in pensions (including further or married pensions)* (alt 7(1)(a) den Acht Arm-Phinsean, 1980) – cf. ‘Pinsin phósta daoine a bheas i dteideal pinsean’, *Married pensions of persons entitled to pensions* (teideal taoibhe alt 4 den Acht Arm-Phinsean, 1946); féach, chomh maith, sa chomhthéacs seo, ‘oifigigh phá’ mar aistriúchán ar *paid officers* in Acht ón mbliain 1943: ‘scéim ... chun pinsin agus aiscí do chur ar fáil d’oifigigh pháigh’, *a scheme ... with the object of providing pensions and gratuities for ... paid officers* (alt 14(1) d’Acht Ospidéal Lorcáin Naomhtha, 1943) – tugann an sampla seo agus ‘pinsin phósta’ (mar aistriúchán ar *married pensions*) araon éachtaint dúinn ar an gceangal is féidir a bheith idir an ginideach den ainmfhocal (ar a n-áirítear an t-ainm briathartha) agus an aidiacht (ar a n-áirítear an aidiacht bhriathartha).

⁴⁹ Dónall Ó Baoill agus Éamonn Ó Tuathail, *Úrchúrsa Gaeilge* (ITÉ 1992), alt 35.3.

⁵⁰ Micheál Ó Murchú, *op. cit.*, lch 154 – ní ghabhann aon fhoinsí leis na trí théarma sin san alt sin.

⁵¹ Tugann sé ‘innill bainte’ agus ‘fir cosanta’, mar aon le ‘fir glanta’, ‘gearáin cáinte’ agus ‘turaís treoraithe’ (gan aon fhoinsí ag gabháil le haon cheann acu), mar eiseamláirí den díchéimhiú sin aige nuair is ‘gníomhú sa ghinideach ainm bhriathartha thar staid na haidiachta

Arís sa chás seo, níl riail nua sin an Chaighdeáin Athbhreithnithe ag teacht le traidisiún na nAchtanna. In Acht ón mbliain 2009, mar shampla, faightear ‘chun costais bhainistithe agus chothabhála teaghaise ... a íoc’.⁵² Le dhá shampla a thabhairt de ‘cosaint’ sa ghinideach agus cuspóir á leanúint, faightear ‘Oifigigh Chosanta Iascaigh Mhara’ in Acht ón mbliain 1959⁵³ agus ‘cumainn chosanta géim’ in Acht ón mbliain 1930.⁵⁴

I dtaca leis an ainm briathartha eile a thugtar sa Chaighdeán Athbhreithnithe mar eiseamláir maidir leis an dísheimhiú – is é sin, ‘forbairt’ – díreofar go sonrach ar an ainm briathartha dar tús ‘f’ i gCaibidil 16 thíos, mar a n-áireofar ‘boird fhorbartha cathrach agus contae’,⁵⁵ ‘beartais fhorbartha pobail agus cláir

briathartha’ atá i gceist (*ibid.*, lch 161) – féach, áfach, na samplaí de ‘innill bhainte’, as an reachtaíocht, ar lch 116 agus féach an sampla seo a leanas de ‘fir chosanta’ as Nua-Chorpas na hÉireann: ‘Is dócha gur mharaigh siad pé fir chosanta a bhí san áit mar níor tháinig aon duine chun cabhráithe linn’ (Cliodhna Cussen, *Soraidh Slán*, 1993). I dtaca le ‘gearáin cáinte’ agus ‘turais treoraithe’ thuas, ní móide go rachfaí i muinín an ghinidigh den ainm briathartha chun a bhfuil ceaptha bheith á chur in iúl leis na haonaid sin a chur i bhfocail, go háirithe i gcás ‘turais treoraithe’, thala ‘turais threoraithe’ bheith chomh haithnidiúil sin mar aonad (féach, mar shampla, ‘Turais threoraithe saor in aisce Dé Domhnaigh ag 12.00, 14.30’ [<http://www.heritageireland.ie/ga/BaileAthaCliath/GarraitheNaisiuntanaLuais/>]), chomh maith le ‘treoraithe’ bheith mar fhoirm iolra an ainmfhocail ‘treoraí’. I dtaca le ‘ábhair plé’ agus ‘páipéir plé’, a thugann Micheál Ó Murchú díreach i ndiaidh na dtearmaí sin thuas (arís gan aon fhoinsí ag gabháil le ceachtar acu), féach ‘ceadaíonn an Ard-Fheis seo don toscaireacht tuairisc a dhréachtadh agus a chur timpeall i ndiaidh d’fhreastal s’acu, ag insint nádúr gníomhaíochtaí s’acu agus ábhair phléite s’acu le linn an Fhóraithe’ (Rún ag Ard-Fheis Shinn Féin 2006, as Nua-Chorpas na hÉireann [cf. ‘próisis phléite’ thuas, a thugtar as Acht ón mbliain 1997]) – agus is ‘plépháipéar’ seachas ‘páipéir phlé/phléite’ a bhíonn in úsáid go coitianta.

⁵² *to defray ... the costs of management and maintenance of a dwelling* (alt 30(6)(c) d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009).

⁵³ *Sea Fisheries Protection Officers* (teideal taoibhe alt 220 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959) – is ceart a lua, áfach, go bhfaightear ‘aon fheidhm d’fheidhmeanna oifigigh cosanta iascaigh mhara a fheidhmiú’, *to exercise any of the functions of a sea-fisheries protection officer*, in alt 17A(3)(c) den Acht Iascaigh Mhara agus Dlíne Muirí, 2006, arna chur isteach le halt 44 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007, agus gur minice an dísheimhiú ar lorg an ghinidigh uatha dar críoch consan caol sna hAchtanna nua-aimseartha ná a mhalairt, mar a fheicfear i gCaibidil 13 thíos; le sampla den dísheimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscigh iolra dar críoch consan caol a thabhairt anseo féach ‘Oifigigh coimeáda príosúnach a dheimhniú’, *Certification of prisoner custody officers* (teideal taoibhe alt 6 d’Acht na bPríosún, 2007 – d’fhéadfadh sé, áfach, nár aistríodh an tAcht sin go dtí roinnt blianta i ndiaidh na bliana sin 2007).

⁵⁴ ‘Cumainn chosanta géim d’údarú’, *Recognition of game preservation societies* (teideal taoibhe alt 15 den Acht chun Géim do Chosaint, 1930).

⁵⁵ ‘boird fhorbartha cathrach agus contae laistigh dá limistéar’, *city and county development boards within its area* (alt 12(12)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000) – cf. alt 11(2): ‘Tabharfar fógra ... do bhoird fhorbartha cathrach agus contae laistigh de limistéar feidhme an údaráis’, *notice ... shall be given to ... city and county development boards within the functional area of the authority*; mar léiriú agus mar dheimhniú gur cuspóirí an

fhorbartha pobail⁵⁶ agus ‘deontais fhorbartha fiontar’⁵⁷ ó Achtanna ó na blianta 2000, 1982 agus 1977 faoi seach, mar aon le samplaí den dÍshéimhiú i gcás ‘f’ tosaigh, ar dÍshéimhiú é sin nach bhfuil teoranta d’ainmneacha briathartha arb ionann foirm dóibh sa ghinideach uatha ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol agus d’aidiachtaí briathartha, mar a fheicimid i gCaibidil 15.

Ag filleadh dúinn ar ainmneacha briathartha faoi shéimhiú sa ghinideach agus cuspóir á leanúint, tugadh sampla de ‘caighdeáin mhonaraithe’ roimhe seo thuas agus faightear sampla de ‘caighdeáin mhonaraithe mullard agus rampaí’ sna hAchtanna, chomh maith.⁵⁸ Ar shamplaí eile a fhaightear sna hAchtanna tá ‘costais bhunaithe scéimeanna’,⁵⁹ ‘gáis cheaptha teasa’,⁶⁰ ‘beartais chomhardaithe íocaíochtaí’,⁶¹ ‘caighdeáin fhoirgnithe tithe’,⁶² ‘stáisiúin ghlactha satailíte’⁶³ agus

ainm bhriathartha atá in *city* agus *county* féach alt 129(5) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001: *The functions of a Board are ... to draw up a strategy ... for the economic, social and cultural development of the county or city and the community.*

⁵⁶ ‘comhairle a thabhairt don Aire ... maidir le beartais fhorbartha pobail agus cláir fhorbartha pobail’, *to advise the Minister ... regarding community development policies and community development programmes* (alt 4(1)(a) den Acht um an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Pobail, 1982).

⁵⁷ ‘Deontais fhorbartha fiontar’, *Enterprise development grants* (teideal taoibhe alt 3 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1977).

⁵⁸ ‘caighdeáin mhonaraithe, tógála agus suiteála mullard agus rampaí’, *standards of manufacture, construction and installation of bollards and ramps* (alt 101A(6)(b)(ii) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna chur isteach le halt 9 den Acht um Iompras Bhaile Átha Cliath (Díscaoileadh), 1987 – fch lch 118 thuas i gcomhair ‘caighdeáin mhonaraithe’ gan chuspóir) – díol spéise i dtaca leis an bhfocal lena n-aistrítear *manufacture*, ‘monarú’, atá bunaithe ar fhocal nach bhfuil sa chúrsaíocht a thuilleadh, ‘monar’ (*work, occupation, employment* in DIL), go bhfaightear ‘do monorugud manach’ ar imeall *Leabhar Breac*, a cuireadh i dtoll a chéile sa bhliain 1411 (nó roimhe sin).

⁵⁹ ‘Costais bhunaithe scéimeanna scair-rogha coigilteas-choibhneasa’, *Costs of establishing savings-related share option schemes* (teideal taoibhe alt 519B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 68(a) den Acht Airgeadais, 1999).

⁶⁰ ‘ciallaíonn “lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa” lamháltas chun gáis cheaptha teasa a astú is inaistrithe de réir na Treorach’, *‘greenhouse gas emission allowances’ means allowances to emit greenhouse gases transferable in accordance with the Directive* (alt 8(1D)(b) den Acht Cánach Breisluacha, 1972, arna leasú le halt 133(1) (a) den Acht Airgeadais, 2010).

⁶¹ ‘cloí le beartais eacnamaíochta iomchuí ..., lena n-áirítear beartais chomhardaithe íocaíochtaí agus beartais chomhoibre leordhóthanacha’, *follow appropriate ... economic policies, including adequate balance-of-payments policies and co-operative policies* (brollach an Chomhaontaithe sa Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (Ciste Tacaíochta Airgeadais) (Comhaontú), 1976).

⁶² *standards of construction of houses* (alt 23(9)(a) den Acht Airgeadais, 1981).

⁶³ ‘An tOrdú um Acht Radio-Theagrafaíochta, 1926 (Alt 3) (Stáisiúin Chruinne Ghlactha Satailíte Fosaidh Áirithe a Dhíolmhú), 2000 (I.R. Uimh. 273 de 2000)’, *Wireless Telegraphy Act 1926 (Section 3) (Exemption of Certain Fixed Satellite Receiving Earth Stations) Order 2000 (S.I. No. 273 of 2000)* (alt 23 i gCuid 2 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht

‘ábhair thruaillithe an atmaisféir’.⁶⁴

Cuireann gontacht an fhriotail sna samplaí éagsúla sin thuas leis na habairtí ina bhfaightear iad, mar a dhéanann i leithéidí ‘costais chimithe an chúisí ... chun príosúin’ sna Rialacha Cúirte Dúiche, 1997,⁶⁵ agus ‘córais bhainistithe tubaistí’⁶⁶ i Rialachán a bhaineann leis an Aontas Eorpach, ar friotal é a mbeifí ag cur isteach air le riail díchéimhite an Chaighdeáin Athbhreithnithe, agus gan aon ghá leis an díchéimhiú sin, mar atá feicthe againn i gCuid I den staidéar ach go háirithe.

An scríbhneoireacht lasmuigh de réimse na reachtaíochta

Má bhreathnaímid ar Nua-Chorpas na hÉireann i dtaca le scríobh na Gaeilge lasmuigh de réimse na reachtaíochta faighimid, mar shampla, ‘innill bhainte mhóna’⁶⁷ i scéal le Pádraig Ó Baoighill (Tír Chonaill), ‘cláir chinntithe cáilíochta’⁶⁸ in alt ar an nuachtán seachtainiúil *Anois*, ‘eastáit churtha crann’⁶⁹ agus ‘líonaigh dhílsithe snáithe’⁷⁰ in aistriúchán le Dara Ó Conaola (Inis Oírr) ar théacsleabhar adhmaidíreachta, ‘ciorcail dhúnta bhri’⁷¹ i leabhar acadúil le Lillis Ó Laoire (Dún na nGall),

um Rialáil Cumarsáide, 2002, arna chur isteach isteach le halt 18 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007).

- ⁶⁴ ‘baol do shláinte nó díobháil do thaitneamhacht ó ábhair thruaillithe an atmaisféir a chosc’, *the prevention of danger to health or injury to amenity from atmospheric pollutants* (alt 10(1) den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1962).
- ⁶⁵ Mar aistriúchán ar *the costs of the commitment ... of the accused to prison*.
- ⁶⁶ ‘infheistíocht a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha, athléimneacht ó thubaistí a áirithiú agus córais bhainistithe tubaistí a fhorbairt’, *promoting investment to address specific risks, ensuring disaster resilience and developing disaster management systems* (Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa).
- ⁶⁷ ‘Nach na hinnill bhainte mhónadh a ba chúis le bean Mhíchíl Uí Chuireáin imeacht leis an ghlagaire sin as a’ Charabad’ (Pádraig Ó Baoighill, *Srathóg Feamnaí agus Scéalta Eile*, 2001) – féach ‘innill bhainte móna’ (i.e., gan séimhiú ar an nginideach de ‘móin’) ar lch 122 thuas; faightear séimhiú ar an nginideach de ‘baint’ ar lorg ‘lá’ san abairt seo a leanas as gearrscéal le Máire: ‘D’inis mé dó fá lá bhainte na mónadh agus dúirt mé an rann’ (Séamus Ó Grianna, *Cora Cinniúna: Gearrscéalta Mbáire* 1, 1993).
- ⁶⁸ ‘is mian leis an mBord 3 Oifigeach Forbartha Uiscshaothraithe a earcú chun feidhm a thabhairt do na cláir chomhshaoil agus chinntithe cáilíochta’ (*Anois*, 23/9/1995).
- ⁶⁹ ‘D’iompórtáil siad síolta speiceas andúchasach ó gach cearn den domhan, agus bhí an-mheas ar dhuaiseanna an RDS d’eastáit churtha crann’ (Dara Ó Conaola *et al.*, *Teicneolaíocht Ábhar – Adhmad don Teastas Sóisearach*, 1994).
- ⁷⁰ ‘Baintear úsáid as líonaigh dhílsithe snáithe chun an snáithe a líonadh in adhmaid a mbíonn an snáithe oscailte iontu, agus nuair a bhíonn bailchríoch den chéad scoth ag teastáil’ (*ibid.*) – i dtaca lena bhfuil i gceist le ‘líonaigh dhílsithe’ féach an abairt seo a leanas an téacsleabhar sin: ‘Tá líonaigh dhílsithe ar fáil ... chun poill agus fabhtanna a líonadh’.
- ⁷¹ ‘Is ciorcail dhúnta bhri iad na scéalta seo ... atá gearrtha amach ó aon réaltacht eile, sa méid agus go sáraíonn na himeachtaí iontu a gcúlra stairiúil’ (Lillis Ó Laoire, *Ar Chreag i lár na Farraige*, 2002).



‘fir ghlanta fuinneog’⁷² i ndán leis an mBráthair S. E. Ó Cearbhaill, ‘fir ghlanta na sráide’⁷³ in alt ar an nuachtán laethúil *Lá*, ‘focail mholta m’athar’⁷⁴ i saothar nua-aimseartha próis le Pádraig Ó Cíobháin (Corca Dhuibhne) agus ‘próisis shealbhaithe agus ghníomhaithe teanga’⁷⁵ in *Plean Forbartha Institiúid Teangeolaíochta Éireann 1988-1992*. Agus féach ‘a fhir choscartha gach catha’⁷⁶ in *Seanchas na Féinne* le Niall Ó Dónaill (is é sin, an t-ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscigh uatha arna chaolú sa tuiséal gairmeach).⁷⁷

Má bhreathnaímid ar shamplaí i Nua-Chorpas na hÉireann den ghinideach séimhithe den ainm briathartha agus gan aon chuspóir á leanúint, murab ionann agus ‘caisleáin cosanta’ agus ‘caighdeáin forbartha’ an Chaighdeáin Athbhreithnithe, faighimid ‘taibléid chosanta’⁷⁸ agus ‘cupáin chosanta’⁷⁹ araon in *Sna Fir* le Micheál Ó Conghaile (Conamara), agus faighimid ‘tuarascáil an Fhorais Fhorbartha’ i dtuairisc oifigiúil ar dhíospóireacht Dála ón mbliain 1982,⁸⁰ faoi seach. Ag díriú dúinn ar shamplaí d’ainmneacha

⁷² ‘deoiríní gréine ag titim chun tailimh / ó spéir leath-ghorm thuas thuas ag dul thairis / ag seoladh go mall is go fiosrach os ard / tríd an aer lánghlórach síoróipeach gan cháim / fir ghlanta fuinneog ar ardán mórthimpeall / saghas *supermen* ag seoladh / failltreacha gloine bulla báisín daoine’ (‘Nua-Eabhrac ó bhun go barr’, in *Feasta*, Meán Fómhair 2005 [<http://www.feasta.ie/2005/meanf/dan.html>]).

⁷³ ‘ní fheicim go bhfuil scríbhneoireacht ... Roddy Doyle nó aon duine eile againn níos tábhachtaí ná an obair atá ar siúl ag múinteoirí, dochtúirí nó fir ghlanta na sráide’ (*Lá*, 6/12/2002).

⁷⁴ ‘fear maith ar an dtalamh tirim ab ea é agus is ea fós, chomh maith.... Scaoilim le focail mholta m’athar le saoirse’ (Pádraig Ó Cíobháin, *An Gealas i Lár na Léithe*, 1992).

⁷⁵ ‘d’éirigh linn méid áirithe oibre a dhéanamh ar phróisis shealbhaithe agus ghníomhaithe teanga’.

⁷⁶ “‘Ná raibh maith agat, a Oscair, a fhir choscartha gach catha,’” arsa Faolán’ (Niall Ó Dónaill, *Seanchas na Féinne*, 1997).

⁷⁷ Cf. ‘An uair ba chrúogaí an aimsir amach sa bhfómhar / Sea bhuail tú fúmsa ar bheagán fáth’ / Ach a bhriongláin chaite na mailí gruama / Rachaidh an scéal seo crua orm más leat an lá’ (Cóil Learaí Ó Finneadha, *Filíocht agus Feannadh*, 1999).

⁷⁸ ‘B’fhál maith i gcoinne aon tinneas a raibh de tháibléid chosanta is mhoillithe anois ann’.

⁷⁹ ‘Tá bosa a lámh tugtha le chéile acu ina gcupáin chosanta os comhair a gcuid magairlí’.

⁸⁰ ‘I dtuarascáil an Fhorais Fhorbartha 1971, dúirt siad go mbeadh gá le 1,200 postanna nua chun an daonra a choinneáil agus chun an Ghaeilge a chaomhnú sna Gaeltachtaí’ (Díospóireachtaí Dála an 11 Meitheamh 1982 [<http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail1982061100004?opendocument>]).

briathartha eile, ó chainteoirí dúchais, ar an gCorpas sin, faighimid ‘innill bhainte’⁸¹ ó Mhícheál Ó Ruairc (Ciarraí), ‘amhráin bháite’⁸² ó Mhícheál Ó Conghaile arís, ‘poill bháite’⁸³ ó Chathal Ó Searcaigh (Tír Chonaill), ‘siséil bhearrtha’⁸⁴ ó Chóil Learaí Ó Finneadha (Connachta), ‘teastais bheirthe’⁸⁵ ó Phádraig Ó Cíobháin (Corca Dhuibhne), ‘compáis bhreactha’⁸⁶ ó Mháirín Elliott (Connachta), ‘focail cháinte’⁸⁷ ó Anraí Mac Giolla Chomhaill (Ulaidh), ‘camfheothain chasta’⁸⁸ ó Mhícheál Ua Ciarmhaic (Uíbh Ráthach), ‘fir chomórtha’⁸⁹ ó Phádraig G. Ó Laighin (an Mhumhain), ‘ionaid chónaithe’⁹⁰ ó Liam Mac Con Iomaire (Conamara), ‘buicéid chrúite’⁹¹ ó Shiobhán Ní Shúilleabháin (Corca Dhuibhne), ‘innill chrúite’⁹² ón Ruarcach arís, ‘parlúis chrúite’⁹³ ó Mhaidhc Dainín Ó Sé (Corca

⁸¹ ‘Nithe mar innill chrúite, ... innill bhainte, ... – inneall don rud seo, meaisín don rud siúd, agus mar sin de’ (Mícheál Ó Ruairc, *Taisce* 5, 1995). Féach ‘innill bhrúite grán’, *seed crushing machines*, ‘innill bhualte’, *threshers*, ‘innill bhuinte’, *harvesting machinery*, agus ‘innill mheilte’, *milling machines*, ó bhunachar téarmaíochta de chuid Rannóg an Aistriúcháin ar <http://www.gaois.ie/trm/en/?txt=innill>.

⁸² ‘amhráin imirce, amhráin bháis is bháite’ (Mícheál Ó Conghaile, *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny*, 2002).

⁸³ ‘Agus is cosúil an osna / Le siosarnach gaoithe / I dtithe tréigthe Mhín na Craoibhe, / Le glug glag an gheimhridh / I bpoill bháite na Míne Buí’ (Cathal Ó Searcaigh, *Ag Tnúth leis an tSolas*, 2000).

⁸⁴ ‘Maidir le fuinneog a shocrú i bhfráma / Ní bheinnse i bhfad dá socrú i gcaoi / Thollainn muirtís le siséil bhearrtha / Agus ghearrainn tionúr a d’oirfeadh í’ (Cóil Learaí Ó Finneadha, *op. cit.* [mar dheimhniú gur foirm iolra atá anseo, is amhlaidh go bhfaightear ‘Tabhairt *prod* dóibh den siséal’ i saothar eile leis sa leabhar sin]).

⁸⁵ ‘Kavanagh a bhí ar theastais bheirthe chuid againn ag baile agus Kevane ar chuid eile’ (Pádraig Ó Cíobháin, *An Gealas i Lár na Léithe*, 1992).

⁸⁶ ‘Is féidir an réimse maighnéadach a bhreacadh trí mhionrabh iarainn nó compáis bhreactha a úsáid’ (Máirín Elliott, *Eolaíocht na Linne seo*, 1992).

⁸⁷ ‘ag cur in iúl go mba thrua leo beirt na focail cháinte a thug ionadaithe eaglaisí an iarthair agus an oirthir uathu i gcoinne a chéile’ (Anraí Mac Giolla Chomhaill, *Pápaí an Fichiú hAois*, 2002).

⁸⁸ ‘Níor tháinig lagú ná staonadh ar an ngaoth a bhí ag tarrac isteach siar ó thuaidh léi ag tógaint guairneáin sáile ina gcamfheothain chasta amach ón dtráigh’ (Mícheál Ua Ciarmhaic, *Ríocht na dTomn*, 1989).

⁸⁹ ‘Ní fhéadfadh duine neamh-aird a thabhairt ar na béithe gealgáireacha ... a bhí go meidhreach anois ar bhacán láimhe ag an uile ógfhear a chas an treo I Le Retour des Pêcheurs bhí scata acu lena bhfir chomórtha ag tabhairt dúshlán comhraic do bhuairtí an tsaoil’ (Pádraig G. Ó Laighin, *Bastille agus scéalta eile*, 2001).

⁹⁰ ‘Tá cur síos i leabhar C.R. Browne ... ar ionaid chónaithe aon seomra a bhíodh tochailte isteach sna dumhchanna agus ballaí tirime cloch leo’ (Liam Mac Con Iomaire, *Camchuairt Chonamara Theas*, 2002).

⁹¹ ‘Bhí Micil ar a shlí go tigh na mba leis na buicéid chrúite’ (Siobhán Ní Shúilleabháin, *Í Síúd*, 1999).

⁹² Féach fonóta 81 thuas.

⁹³ ‘formhór na bhfeirmeoirí le fearas curtha acu ar bhotháin agus na parlúis chrúite’ (Maidhc

Dhuibhne), ‘airm dhiúractha’⁹⁴ ó Thomás Ó Máille (Conamara), ‘focail fhreagartha’⁹⁵ ón gCíobhánach arís, ‘túir fhuaraithe’⁹⁶ ó Mháirín Elliott arís, ‘faobhair ghearrtha’⁹⁷ ó Dhara Ó Conaola (Inis Oírr), ‘cosáin ghiorraithe’⁹⁸ ón gCíobhánach arís, ‘innill ghluaiste’⁹⁹ agus ‘rothair ghluaiste’¹⁰⁰ ó Mhac Uí Shé arís, ‘táibléid mhoillithe’¹⁰¹ agus ‘amhráin mholta’¹⁰² ón gConghaileach arís agus ‘gadhair threoraithe’¹⁰³ ó Mhícheál Ua Ciarmhaic arís.

Féachfar sa chéad chaibidil eile ar dhíshéimhiú an ainmfhocail i gcoitinne, sa Chaighdeán Athbhreithnithe, ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol agus fillfear go sonrach ar dhíshéimhiú an ainm bhriathartha ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh dar críoch consan caol i gCaibidil 14, mar a ndíreofar ar an ainm briathartha sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal sa ghinideach uatha, agus arís i gCaibidil 16, mar a ndíreofar go sonrach ar an ainm briathartha dar tús ‘f’.

Dainín Ó Sé, *Dochtúir na bPiast*, 1993).

- ⁹⁴ ‘Ní raibh acu ar fad ach cúig cinn d’airm dhiúractha, trí sheandiúraiceach agus dá phiostal agus máilín piléar’ (Tomás Ó Máille, *An tIomaire Rua*, 2007 [eagrán nua]).
- ⁹⁵ ‘Chuir a mháthair chuige é mí roimis sin nuair a thosnaíomar ar na focail fhreagartha nua Béarla a fhoghlaim san aragal so gach oíche’ (Pádraig Ó Cíobháin, *op. cit.*).
- ⁹⁶ ‘Bíonn tuairim is cúig mhilliún lítear uisce sa lá ag teastáil ó na túir fhuaraithe sna stáisiúin chumhachta mhóra’ (Máirín Elliott, *op. cit.*).
- ⁹⁷ ‘Chun a chinntiú go n-oibreoidh plánaí agus siséil go sásúil, ní foláir faobhar a chur ar a bhfaobhair ghearrtha go rialta’ (Dara Ó Conaola *et al.*, *Teicneolaíocht Ábhar – Adhmad don Teastas Sóisearach*, 1994).
- ⁹⁸ ‘Tá so geamhartha le sé seachtaine, an barra anois go haoirde glún, cosáin ghiorraithe’ (Pádraig Ó Cíobháin, *op. cit.*).
- ⁹⁹ ‘Is ag obair ar innill ghluaiste, gluaisteáin, innill do bháid a bhíos ar feadh cúpla bliain sara dtána anall go Chicago’ (Maidhc Dainín Ó Sé, *Greenhorn*, 1997).
- ¹⁰⁰ Rothair ghluaiste, gluaisteáin, innill bháid – aon pháirt den bparóiste ina raibh scilling le tuilleamh, bheadh Muiris in ann an t-inneall a dheisiú’ (*ibid.*).
- ¹⁰¹ Féach fonóta 78 thuas.
- ¹⁰² ‘Is amhráin mholta iad seo ina ndeirtear de ghnáth go bhfuil an bád atá á moladh ina máistir ar na farraigí agus ar chuile bhád eile’ (Mícheál Ó Conghaile, *Gnéithe d’Amhráin Chonamara ár Linne*, 1993).
- ¹⁰³ ‘Déantar na madraí a bhriseadh le madraí riadaithe a chur i dtosach mar ghadhair threoraithe’ (Mícheál Ua Ciarmhaic, *Iníon Chíbheac*, 1996).

An t-ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol

Díríodh i gCuid 1 den staidéar seo ar riail an Chaighdeáin Athbhreithnithe go bhfuil an t-ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha le díséimhiú más ionann foirm dó agus don aidiacht bhriathartha. Sa chaibidil roimhe seo thuas dhíríomar ar an tslí go mbaineann riail díséimhithe sin an Chaighdeáin Athbhreithnithe leis an ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol, chomh maith, más ionann foirm dó agus don aidiacht bhriathartha. Riail atá i riail sin díséimhithe an ainm bhriathartha nach raibh a macasamhail sa Chaighdeán Oifigiúil. Ach i gcás roinnt mhaith de rialacha díséimhithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe is éard atá iontu ná rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil maidir leis an easpa séimhithe ar an ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha á leathnú go dtí an t-ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol. Is amhlaidh, áfach, i roinnt mhaith de na cásanna sin sa Chaighdeán Athbhreithnithe, nach dtagann na heiseamláirí ina dtugtar ainmfhocal firinscneach iolra leis na heiseamláirí le hainmfhocal baininscneach uatha agus, ina theannta sin, nach bhfuil díséimhiú sin an ainmfhocail éiginnte ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol ag teacht le fasaigh sa leagan Gaeilge d’Achtanna an Oireachtais ó bunaíodh an Stát, Achtanna a aistríodh go Gaeilge ó foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil san áireamh. Díreofar ar dhá chás den chineál sin sa chaibidil seo, agus féachfar ar na cásanna eile i roinnt de na caibidlí eile sa chuid seo den staidéar.

Cainníocht éiginnte

Féachaimis ar dtús anseo ar leagan an Chaighdeáin Athbhreithnithe de riail an Chaighdeáin Oifigiúil nach gnách séimhiú ‘ar lorg ainmfhocail a bhfuil an bhrí *cuid, easpa, iomarca* leis’. Is iad seo a leanas na samplaí den riail sin a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil:

ailp feola, barraíocht plámáis, breis bainne, a chuid cabaireachta, díth céille, easpa tobac, iomarca cainte, roinnt blianta.

Tugtar na samplaí sin go léir arís sa Chaighdeán Athbhreithnithe, ach cuirtear ‘aistir móna’ agus ‘taoscáin branda’ leo. Agus leasaítear an riail féin go riail á rialú nach séimhítear an t-ainmfhocal ‘má tá brí cainníochta éiginnte leis an gcéad ainmfhocal’. Seachas ‘ailp’, b’fhéidir, is mór idir na hainmfhocail bhaininscneacha a n-áirítear an díséimhiú ar a lorg sa riail sin agus ‘aistir’ agus ‘taoscáin’ – agus tabharfar faoi deara i gcás ‘ailp feola’ gur minic ainmfhocail dar tús ‘f’ á ndíséimh-

iú pé scéal é.¹ Chomh maith leis sin, murab ionann agus ‘breis’, ‘cuid’, ‘díth’, ‘easpa’, ‘iomarca’ agus ‘roinnt’ ach go háirithe, dealraíonn sé nach bhfaightear aon sampla de na hainmfhocail iolra sin ‘aistir’² agus ‘taoscáin’ sna hAchtanna.

Cé gurb é an t-ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol is cás linn sa chuid seo den staidéar, tabhair do d’aire anseo, i dtaca le gné sin na cainníochta i gcoitinne a bheith curtha le riail an Chaighdeáin Oifigiúil, gur áiríodh ‘cainníocht ... éiginnte’ sna ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’, mar a leanas:

Ní shéimhítear an dara hainmfhocal sna cásanna seo thíos: ...

(iii) Nuair is cainníocht nó méid éiginnte ... atá i gceist, is é sin focail a bhfuil ciall mar *breis*, *cuid*, *easpa*, *iomarca* leo, ní shéimhítear an dara hainmfhocal:

acmhainn grinn, *aois gadhair*, *barraíocht plámais* [plámáis (?)], *breis bainne*, *cuid mhór cainte*, *díth céille*, *easpa bia*, *iomarca cainte*, *roinnt blianta*.³

Agus in alt thuasluaite Mhichíl Uí Murchú, ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’, faightear ‘cainníocht éideimhin’ mar cheannteideal ar ghrúpa samplaí nach mbíonn séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach iontu agus ina n-áiríonn sé leithéidí ‘breis bainne’ agus ‘díth céille’ an Chaighdeáin Oifigiúil.⁴ Ach oiread leis an gCoiste Téarmaíochta, áfach, ní áiríonn sé aon samplaí ina bhfuil an t-ainmfhocal sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol.

Agus in eagrán 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* is amhlaidh go n-áirítear ‘cainníocht’ i dtaca leis an séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha:

Séimhítear tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile nuair is ainmfhocal baininsneach uatha (nach ginid-each) an chéad ainmfhocal ar lorg focal a léiríonn cainníocht: *cloch phrátaí*; *glac thairní*; *trí spleaideog chéille*.⁵

1 Fillfear ar dhíshéimhiú ainmfhocail dar tús ‘f’ i gCaibidil 15 thíos.

2 Tá ‘aistir móna’ chomh neamhchoitianta sin go bhféadfadh sé go measfadh duine gur ‘móin’ leis an gciall ‘farraige’ a bhí san aonad sin – níl an ceannfhocal áirithe sin i bhFoclóir Uí Dhónaill, murab ionann agus Foclóir an Duinnínigh, mar a bhfuil *the sea* (*poet.*) air. Is beag sampla den fhoirm ‘aistear’ féin a fhaightear sna hAchtanna, agus dealraíonn sé nach bhfuil aon sampla le fáil iontu de ‘aistear’ le hainmfhocal sa ghinideach faoi réir aige.

3 Féach Foscríbhinn 4 leis seo thíos; fillfear ar na samplaí sin ‘acmhainn grinn’ agus ‘aois gadhair’ i dtreo dheireadh na caibidle seo.

4 Micheál Ó Murchú, *op. cit.*, lch 158.

5 Alt 4.15 – féach Foscríbhinn 3 leis seo thíos.

Fillfear ar cheist na cainníochta (cinnte agus éiginnte)⁶ i gCaibidil 12 thíos, ach beimid ag tagairt don sampla sin ‘glac thairní’ sa chéad chaibidil eile.

Ainmfhocail theibí

Ag filleadh dúinn anseo, áfach, ar an ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol, is mar a chonaiceamar thuas i gcás riail an Chaighdeáin Oifigiúil nach gnách séimhiú ‘ar lorg ainmfhocail a bhfuil an bhrí *cuid, easpa, iomarca* leis’ atá, chomh maith, i gcás leagan an Chaighdeáin Athbhreithnithe de riail an Chaighdeáin Oifigiúil nach gnách séimhiú ‘ar lorg ainmfhocail theibí’. Sa saothar athbhreithnithe cuirtear ‘nirt mná’ agus ‘cumais comhairleora’ le samplaí⁷ a bhí tugtha sa Chaighdeán Oifigiúil, ach is mór idir an dá eiseamláir sin agus na heiseamláirí eile sa riail – is é sin, na samplaí den easpa séimhithe ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha – mar atá:

breáthacht mná, finne maidine, laige páiste, airde cailín.⁸

Is amhlaidh, mar shampla, nach dtugtar aon fhoirm iolra de ‘neart’ ná de ‘cumas’ i bhFoclóir Uí Dhónaill. Dealraíonn sé nach bhfuil ach sampla amháin den fhoirm iolra ‘nirt’ sna hAchtanna aistriithe, ach ní thagann ainmfhocal ina dhiaidh.⁹ Is amhlaidh, áfach, go bhfaighimid dhá shampla sna hAchtanna luatha

⁶ Tagraítear mar a leanas do ‘cainníocht éiginnte’ in alt 9.42 d’eagrán 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*: ‘Maidir le focail a chiallaíonn cainníocht éiginnte, mar *barraíocht, cuid, dóthain, sáith, roinnt, a lán, beagán, mórán, an iomad, níos mó, níos lú, go leor, oiread, tuilleadh*, etc., má tá téarma an rannaigh éiginnte is é an ginideach rannaíoch a úsáidtear de ghnáth: *barraíocht céille; roinnt eolais; níos lú cainte; go leor airgid reatha*.’

⁷ Déantar ‘airde fir’, ‘maise pearsan’ agus ‘uaisleacht meoin’, a fhaightear sa Chaighdeán Oifigiúil, a fhágáil ar lár as an saothar athbhreithnithe agus faightear ‘airde cailín’ in áit shampla tosaigh an Chaighdeáin Oifigiúil, ‘airde fir’ (mar gheall ar riail nua an Chaighdeáin Athbhreithnithe nach bhfuil ainmfhocail éiginnte dar tús ‘f’ le séimhiú agus iad faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha nó ag ainmfhocal iolra dar críoch consan caol – féach Caibidil 15 thíos).

⁸ Bhí na samplaí sin go léir, ach amháin an ceann deiridh (‘airde cailín’) i liosta an Chaighdeáin Oifigiúil – féach an fonóta roimhe seo thuas agus Foscríbhinn 1 leis seo thíos (mar a dtugtar riail séimhithe an Chaighdeáin Oifigiúil, maille leis na heisceachtaí ón riail sin).

⁹ ‘biotáille a dhíol ar nirt laghdaithe sonraithe’, *the sale of spirits at specified reduced strengths* (alt 35 den Acht Deocha Meisciúla, 1960); faightear dhá shampla de *strengths* san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, ach níor éirigh liom teacht ar leagan oifigiúil Gaeilge den Acht sin go leictreonach, agus níl aon ainmfhocal faoi réir aige sna samplaí sin, pé scéal é; mar shampla de ‘nirt’ ar *strengths* in Ionstraim Reachtuil féach ‘Ní ghlacfar le haon ní i bhfo-airteagal (1) mar ní a choisceann rannóg ar leith de chlár ... a úsáid maidir le drugaí éagsúla nó nirt drugaí a áireofar san earnáil drugaí lena mbaineann an clár’, *Nothing in sub-article (1) shall be taken as preventing the use of a separate section within a register ... in respect of different drugs or strengths of drugs comprised within the class of drugs to which that register ... relates* (alt 16(3) de na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí, 1979 [I.R. Uimh. 32 de 1979]).

d'ainmfhocal arna shéimhiú ar lorg 'nirt' agus é mar fhoirm an ghinidigh uatha de 'neart'.¹⁰ Ní bhfaighimid ach fíorbheagán samplaí den fhoirm iolra de 'cumas' sna hAchtanna¹¹ agus dealraíonn sé nach bhfuil ainmfhocal sa ghinideach faoi réir ag 'cumais', ná ag an bhfoirm iolra d'ainmfhocal atá bunaithe ar 'cumas', in aon sampla díobhsan. Arís, tá roinnt samplaí sna hAchtanna d'ainmfhocal arna shéimhiú agus é faoi réir ag an nginideach uatha de 'cumas' – in Acht ón mbliain 1981, mar shampla, faighimid 'Déanfar na tagairtí sa Chaibidil seo do chailleadh cumais choirp a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do mháchailiú'.¹² Faighimid 'de bhíthin éagumais mheabhrach nó choirp' in Acht ón mbliain 2006¹³ agus 'lucht míchumais choirp nó mheabhrach' in Acht ón mbliain 1966,¹⁴ mar

¹⁰ 'toisc é do theip ortha bheith do réir pé éilithe i dtaobh nirt chuirp a hordófar leis an scéim', *by reason of their failure to satisfy such requirements with respect to physique as may be prescribed by the scheme* (alt 79(3)(e) den Acht um Chúiteamh do Lucht Oibre, 1934), agus 'más mí-chumas oibre de dheascaibh galair éigin áirithe no dí-nirt éigin áirithe chuirp no aigne fé ndear a bheith díomhaoín', *if his unemployment arises from incapacity for work due to some specific disease or bodily or mental disablement* (alt 19(2) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1929) – díreofar i gCaibidlí 13 agus 14 anseo thíos ar cheist sin an ainmfhocail agus an ainm bhriathartha, faoi seach, atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol sa ghinideach uatha (atá le díshéimhiú, de réir an Chaighdeáin Athbheithnithe).

¹¹ Féach, mar shampla, alt 6(b) den Acht Oideachais, 1998: 'leibhéal agus cáilíocht oideachais is cuí chun freastal ar riachtanais agus cumais na ndaoine sin', *a level and quality of education appropriate to meeting the needs and abilities of those people*; faightear roinnt samplaí den fhoirm iolra de 'míchumas' sna hAchtanna – m.sh., 'i ndáil le galair éagsúla agus le míchumais éagsúla', *in relation to different diseases and different disabilities* (alt 59(3) den Acht Sláinte, 1970, arna ionadú le halt 1(1)(b) den Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2001).

¹² *References in this Chapter to loss of physical faculty shall be construed as including references to disfigurement* (alt 36(2) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981) – cf. alt 43(1) den Acht céanna ('... beidh sé i dteideal sochair mhíthreorach má bhaineann cailleadh cumais choirp nó mheabhrach dó de dheasca na tionóisce', *an insured person ... shall be entitled to disablement benefit if he suffers as a result of the accident from loss of physical or mental faculty*) agus alt 170(3) ('de dheasca aon éagumais mheabhrach nó éagumais eile', *by reason of any mental or other incapacity* [cf. alt 202(3)]).

¹³ 'an toimhde nach de bhíthin éagumais mheabhrach nó choirp atá ceart ag an bpearsa aonair na sochair a fháil faoin socrú pinsin iomchuí', *the assumption that the individual's right to receive the benefits under the relevant pension arrangement had not been occasioned by incapacity of mind or body* (alt 1(3)(b) de Sceideal 23B a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 14(2) den Acht Airgeadais, 2006); mar a fheicfead i gCaibidil 13, faightear líon suntasach samplaí sna hAchtanna den easpa séimhithe ar ainmfhocal éiginnte agus é faoi réir ag an nginideach uatha d'ainmfhocal eile – le sampla d'ainmfhocal eile atá bunaithe ar 'cumas' a thabhairt anseo, féach 'de dheasca míchumais meabhrach nó choirp', *because of a mental or physical disability* (alt 171 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí, 2010).

¹⁴ *persons suffering from physical or mental disability* (alt 5(5) den Acht Toghcháin, 1963, arna chur isteach le halt 1(a)(i) den Acht Toghcháin (Leasú), 1966).

shampla,¹⁵ agus faighimid séimhiú i ndiaidh an ghinidigh uatha de ‘díchumas’ in Acht ón mbliain 1947.¹⁶

Agus riail an Chaighdeáin Oifigiúil á cur i bhfeidhm i gcaitheamh na mblianta, toisc gurbh iad na samplaí den riail a tugadh sa saothar sin ná ‘airde fir’, ‘breáthacht mná’, ‘finne maidine’, ‘laige páiste’, ‘maise pearsan’ agus ‘uaisleacht meoin’, chuirte san áireamh gur ainmfhocail theibí ó thaobh dhéanamh na bhfocal de a bhí i gceist sa riail, is é sin, gur ainmfhocail iad a bhí bunaithe ar aidiachtaí.¹⁷ Ní hamhlaidh, ar ndóigh, do ‘nirt mná’ agus ‘cumais comhairleora’, agus is mar seo a leanas a chuirtear an leagan nua den riail i láthair sa Chaighdeán Athbheithnithe: ‘más ainmfhocal teibí é an chéad ainmfhocal agus má léiríonn sé tréith de chuid an dara hainmfhocal’ ní shéimhítear an dara hainmfhocal sin – agus gabhann an ceannteideal ‘tréith’ leis an riail, fiú.

Áiríonn Cormac Ó Cadhlaigh ‘ainm tréithe’ i dteannta ainm ‘cáilíochta nó stáide’ ina n-ainm ‘teibidhe’ (i.e., ‘teibí’) in *Gnás na Gaedhilge*, mar a dtugann sé na samplaí seo a leanas: ‘díomas, tart, ocras, onóir, rath, feabhas, fuacht, gradam’. Díreach tar éis dó an liosta sin a thabhairt, áfach, deir sé: ‘Ó’s ainm tréithe nó cáilíochta a leithéid sin d’ainm, is ó aidiacht is gnáthai ghe deintear é’, leis an iarmhír ‘-as’, ‘-acht’ nó ‘-e’ ach go háirithe curtha leis an aidiacht.¹⁸

Is ainmfhocail bhaininsneacha atá sna hainmfhocail a n-áirítear ina n-ainmfhocail theibí iad ar an ábhar go bhfuil siad bunaithe ar aidiacht lena ngabhann ‘-e’ nó

¹⁵ Cf. ‘no go bhfuil sé á chosc ... de dheascaibh mí-chumais chuirp do tháinig ... as gníomh nea-dhleathach duine eile’, or *is prevented by physical incapacity arising ... from the unlawful act of another person* (alt 25(1) sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Bunreacht (Leasú Uimh. 17), 1931).

¹⁶ ‘an ráta sochair bhreiteachta nó sochair dhíchumais chun a bhfuil teideal ag duine d’fhónaigh sna Fórsaí Breataineacha agus atá ag fáil pinsin is infoctha ag an Rialtas Breataineach i leith díchumais chogaidh nach den ghrád is aoirde’, *the rate of sickness benefit or disablement benefit to which a person, who has served in the British Forces and who is in receipt of a pension payable by the British Government in respect of a war disablement which is not in the highest degree, is entitled* (alt 14(3) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1947).

¹⁷ Is é sin, mar shampla, gur ainmfhocal teibí atá bunaithe ar an aidiacht ‘breá’ atá in ‘breáthacht’.

¹⁸ Cormac Ó Cadhlaigh, *Gnás na Gaedhilge* (BÁC 1940), lch 185, §212. Is mar a chéile é i gcás an tsuímh <http://www.nualeargais.ie/gnagladjektiv.htm>, mar shampla – féach cé chomh tapa agus a dhírítear ar chomhdhéanamh na n-ainmfhocal féin sa chur síos ar an suíomh sin ar ainmfhocail theibí sa Ghaeilge:

Abstract nouns do not describe something concrete but something abstract. With this, there are a wide array of abstract nouns.

In a more specific sense, we’re only discussing those which are derived from adjectives.
Agus sa treoir a thugtar ar an suíomh sin i dtaca le díochlaontaí ainmfhocal luaitear ainmfhocail theibí dar críoch *-e* nó *í* le hainmfhocail bhaininsneacha an cheathrú díochlaonadh – áirítear ‘féile’ sna samplaí a thugtar (‘bearna’ an t-aon sampla eile d’ainmfhocail bhaininsneacha an díochlaonta sin a thugtar sa treoir sin).

‘-(e)acht’. Is firinsneach do na hainmfhocail ag a bhfuil an foirceann ‘-(e)as’ nó ‘-(e)adas’ nó ‘-achar’, ach is amhlaidh nach gnách aon fhoirm iolra a bheith acu. Má thógaimid ainmfhocail dar críoch ‘-achar’ ar dtús, is amhlaidh, mar shampla, nach dtugtar aon fhoirm iolra de ‘bogachar’, ‘dallachar’, ‘glanachar’, ‘lagachar’, ‘mallachar’, ‘salachar’ ná ‘tromachar’ i bhFoclóir Uí Dhónaill. Mar a chéile leis na hainmfhocail seo a leanas dar críoch ‘-(e)adas’:

cáidheadas, dorchadas, garbhadas, géaradas, leitheadas, lobhadas, míneadas, nimheadas, sramadas.

Is liosta níos faide ná sin atá i liosta na n-ainmfhocail dar críoch ‘-t(e)as’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, ach arís ní thugtar aon fhoirm iolra de na hainmfhocail seo a leanas san fhoclóir sin:

aduantas, aiféaltas, aitheantas, arrachtas, athmhaltas, bántas, beachtas, bithiúntas, bréantas, ceangaltas, ceileantas, coigilteas, comhaltas, córtas, cunórtas, díoltas, díomhaointeas, éigeantas, fearantas, feiliúntas, fiántas, fileatas, fiúntas, galántas, imeartas, iomartas, lachtas, leathantas, mórtas, oiriúntas, postas, suntas, uaiféaltas.

Agus is mar a chéile é i gcás na n-ainmfhocail seo a leanas dar críoch ‘-(e)achas’, chomh maith:

aireachas, aisteachas, aithreachas, aonachas, aorachas, bacachas, baileachas, baintreachas, banachas, barbarachas, barrachas, bathlachas, béarlachas, biatachas, bitseachas, borrachas, bráithreachas, briathrachas, bruíonachas, buailteachas, caifeachas, caiteachas, Caitliceachas, calbhachas, cánachas, canúnachas, catachas, ceamachas, cearrbhachas, céileachas, claonachas, cléireachas, cléiriúlachas, cnáimhseachas, coimeádachas, compánachas, corachas, cráifeachas, cuideánachas, daltachas, deatachas, déirceachas, drithleachas, dubhachas, eiteachas, fáilteachas, faireachas, fearachas, foclachas, fuachas, Fuigeachas, fuireachas, Gaelachas, gáifeachas, gaimbíneachas, galldachas, gealtachas, geilteachas, Giúdachas, glantachas, glúineachas, gorachas, inseachas, ithreachas, láimhdeachas, lámhachas, leanúnachas, leapachas, leithleachas, líomhnachas, liostachas, lonrachas, maiteachas, máithreachas, maithneachas, marcachas, meirdreachas, meirleachas, millteachas, míntíreachas, miteachas, mórachas, mórtachas, Muimhneachas, nimhneachas, oideachas, páirteachas, Protastúnachas, ráisteachas, ruaiteachas, samhachas, sraoilleachas, striapachas, suarachas, subhachas, súgachas, súlachas, teaghlachas, tíreachas, tréithleachas, truaillleachas, tútachas, uallachas.

Agus ar ainmfhocail eile dar críoch ‘-(e)as’ nach n-áirítear foirm iolra a bheith acu i bhFoclóir Uí Dhónaill tá an liosta fada seo a leanas:

adhalthanas, aighneas, áineas, ainmniúchas, aiteas, altramas, altranas, anlathas,

aobhneas, binneas, blastanas, bleachtanas, braighdeanas, breithiúnas, briollamas, brocamas, buanfas, buíochas, cacamas, cailteanas, cairdeas, camras, caoideanas, caoimhneas, caoineas, carthanas, ceanas, ceannas, ceilteanas, cíocras, ciúnas, claonas, cleithiúnas, clóchas, cnuas, cóineas, comhairíochas, cothromas, crácamas, cránas, cruas, cruinneas, cuibheas, cuibhreannas, cumas, daibhreas, déanfas, deárcas, deireanas, dianas, díolúnas, díomas, dithneas, diúnas, dleachtanas, dóchas, doilbhreas, doirbheas, donas, duáilceas, duairceas, dúchas, dúnáras, eolas, feabhas, fearannas, féichiúnas, feidhmeannas, fiannas, fiaras, fleáchas, fliuchras, fogas, fuireachas, gairdeas, gealas, geanas, géibheannas, giallnas, ginealas, gleáchas, gliceas, goirteamas, goras, grinneas, imreas, ionannas, ionracas, lánúnas, laochas, laochras, léargas, leamhas, liathras, luiteamas, macnas, maighdeanas, maithiúnas, maoithneas, maothas, masmas, méathras, millteanas, miodamas, mothas, muintearas, naimhdeas, neamhspleáchas, ocras, oilteanas, olcas, placamas, plucamas, rachlas, rachmas, ratamas, rathúnas, reachtas, réimeas, righneas, ríochas, ruithneas, saibhreas, sámhas, samhnas, sámhnas, scóchas, sealúchas, seanchas, searbhas, sóchas, soilbhreas, soirbheas, sómas, sonas, spalpas, spásas, speansas, spleáchas, suáilceas, suaimhneas, suairceas, suathas, súiteamas, sútamás, taogas, tarrthálas, teannas, tearcamas, teas, tochas, toilteanas, tolmas, tormas, tréanas, tromas, truas, uaigneas, úras, urlámhas.¹⁹

Faighimid roinnt samplaí den fhoirm iolra de chuid éigin de na hainmfhocail sin in Achtanna an Oireachtais, áfach – leithéidí ‘breithiúnas’,²⁰ ‘cailteanas’,²¹ ‘caiteachas’,²²

¹⁹ Ní áirítear leithéidí ‘blás’ (< ‘bláthas’), ‘dlús’ (< ‘dlúthas’), ‘tíos’ (< ‘tiges’), etc., nach dtugtar aon fhoirm iolra díobhsan ach oiread in FGB, sa liosta sin thuas.

²⁰ ‘Beidh feidhm ag forálacha mhír 3 den airteagal seo maidir le breithiúnais tar éis trialach, breithiúnais mhainneachtana agus socraíochtaí a dhaingnítear le hordú ón gcúirt’, *The provisions of paragraph 3 of this article shall apply to judgments after trial, judgments by default and settlements confirmed by an order of the court* (alt 31(4) den Choinbhinsiún sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar, 1990).

²¹ Féach, mar shampla, ‘Déanfar faoiseamh i leith cailteanais coigríche iomchuí a thabhairt tar éis faoisimh i leith aon chaillteanas ... nach cailteanais choigríche iomchuí’, *Relief for a relevant foreign loss shall be given after relief for any losses ... which are not relevant foreign losses* (alt 420(3)(b) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 48(1)(b) den Acht Airgeadais, 2007), agus ‘Agus oibríochtaí míleata á seoladh ..., déanfaidh gach Páirtí sa choinbhleacht ... gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh chun cailteanais bheatha sibhialtach ... a sheachaint’, *In the conduct of military operations ..., each Party to the conflict shall ... take all reasonable precautions to avoid losses of civilian lives* (Airteagal 57(4) sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998); dealraíonn sé nach bhfuil aon cheannfhocal ‘cailteanas’ ag an Duinníneach ach tabhair do d’aire go bhfuil *losses* aige ar an gceannfhocal ‘cailteacht’ agus go dtugann sé an fhoirm ‘cailleamhna’ mar fhoirm iolra ‘cailleamhain’.

²² Féach, mar shampla, ‘caiteachais chothabhála, bhainistí, riaracháin nó eile ... a thabhaítear i leith teaghaisí den sórt sin’, *the maintenance, management, administrative or other expenses ... incurred in respect of such dwellings* (alt 54(2)(b) d’Acht na dTithe, 1966) – féach fonóta 32 ar lch 119 i dtaca le ‘caiteachais’.

‘ceangaltas’,²³ ‘coigilteas’,²⁴ ‘reachtas’²⁵ agus ‘sealúchas’.²⁶ Faoi mar a fheicfeadh ó na samplaí a thugtar sna fonótaí a ghabhann leis na hainmfhocail sin, is amhlaidh nach léiríonn siad ‘tréith de chuid an dara hainmfhocail’, agus ní bheadh an dara hainmfhocail sin le háireamh i rialí díchéimhithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe dá dheasca sin. I gcás ina dtugtar sampla sna fonótaí d’ainmfhocail atá faoi réir ag an bhfoirm iolra d’aon cheann de na hainmfhocail sin thuas dar críoch ‘-(e)as’, tá an t-ainmfhocail sin faoi shéimhiú.

I gcás na n-ainmfhocail seo a leanas dar críoch ‘-(e)as’ tugtar foirm iolra díobh i bhFoclóir Uí Dhónaill (gabhann fonóta le roinnt de na hainmfhocail sin thíos, ina dtugtar samplaí as na hAchtanna den fhoirm iolra sin, agus séimhiú ar an ainmfhocail ar a lorg):²⁷

amhlachas, aontas, armas, barántas,²⁸ bearnas, beartas,²⁹ beathúnas, beireatas, boltanas, bronntanas, camas, cámas, caolas, ceadúnas,³⁰ ceartas, cineáltas,

²³ ‘is chun íoc na gcostas fé n-a raghaid de dhruim ceangaltais ar n-a ndéanamh ag an Aire ... do chólíonadh ... a chaithfidh an Chuideachta na suimeanna uile’, *all sums ... shall be expended by the Company ... in defraying expenses incurred in complying with requisitions made by the Minister* (alt 12(4) d’Acht Forbairte Gual-Láthrach Shliabh Ardachadh, 1941).

²⁴ ‘coigiltis chomhaltaí a úsáid agus a rialú chun sochair dá chéile’, *the use and control of members’ savings for their mutual benefit* (alt 2(1)(a)(iii) den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1966).

²⁵ ‘Tuairisc chothrom chruinn ar aon imeachtaí poiblí ag teach aon reachtais (lena n-áirítear fo-reachtas nó reachtais chónaidhme) le haon Stát ceannasach iasachta’, *A fair and accurate report of any proceedings in public of a house of any legislature (including subordinate or federal legislatures) of any foreign sovereign State* (alt 1 i gCuid 1 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chlúmhilleadh, 1961).

²⁶ ‘Urrúis agus sealúchais choigríche’, *Foreign securities and possessions* (teideal taoibhe alt 76 den Acht Cánach Ioncaim, 1967) – cf. ‘Má gheibhtear amach ... sealúchais chomhalta amháin d’airgeadra chomhalta eile ... a bheith tar éis méadú’, *If ... a member’s holdings of another member’s currency ... are found to have increased* (alt 7(b)(ii) d’Airteagal v i gCuid 1 den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957).

²⁷ I gcás ‘fóntas’ agus ‘gabhálas’ sa liosta, is sampla den séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha dar críoch consan caol a thugtar – cf. Caibidil 13 thíos.

²⁸ Féach ‘an tAcht um Cheartas Coiriúil (Barántais Chuardaigh), 2012’, *the Criminal Justice (Search Warrants) Act 2012* (Acht Uimh. 33 de 2012), mar shampla.

²⁹ M.sh., ‘cuirfeadh beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go seasta’, *accounting policies shall be applied consistently* (alt 5(b) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986) – tabhair do d’aire nach bhfaightear ‘beartas’ mar cheannfhocail i bhFoclóir an Duinnínigh ná in DIL.

³⁰ Féach na trí shampla dhifriúla seo a leanas: ‘Ceadúnais mhórdhíola agus ceadúnais mhiondhíola chun fístaifeadtaí a dhíol’, *Wholesale licences and retail licences for the sale ... of video recordings* (teideal taoibhe alt 18 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989), ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais fheithiclí trádála’, *Increase of excise duties on vehicle trade licences* (teideal taoibhe alt 92 den Acht Airgeadais, 1980), agus ‘Ceadúnais gheallbhróicéirí’, *Pawnbrokers’ licences* (teideal taoibhe alt 18 den Acht Airgeadais, 1965).

cleachtas,³¹ cleamhnas, cógas, coibhneas, coimirceas, comhlathas, comórtas, compántas, cóngas, córas,³² costas,³³ cruthúnas,³⁴ daltais, deontas,³⁵

[Uimh. 14.] An tAcht Airí agus Rúnaithe [1973.]
(Leasú), 1973.

14. (1) Tabharfaidh an Coiste tuarascáil in aghaidh na bliana don Aire maidir le heagrú na seirbhíse poiblí agus maidir le cleachtais phearsanra sa tseirbhís phoiblí. Tabharfaidh an Coiste a chéad tuarascáil faoin mír seo tráth nach déanaí ná ocht mí dhéag tar éis

- 31 'Urramóidh gach Páirtí ... áitiúis agus cleachtais chreidimh an uile dhuine den sórt sin', *Each Party shall respect the ... convictions and religious practices of all such persons* (Airteagal 75 den Phrótocal sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998) – ar éigean go bhféadfaí a rá gur tréith de chuid 'pearsanra' atá in 'cleachtais' sa sampla seo a leanas: 'Tabharfaidh an Coiste tuarascáil ... don Aire ... maidir le cleachtais phearsanra sa tseirbhís phoiblí', *The Council shall report ... to the Minister ... on personnel practices in the public service* (alt 14(1) sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1973).
- 32 M.sh., 'córais cháblatheilifíse arna ceadúnú faoi na hAchtanna Raidio-Theileagrafaíochta, 1926 go 1972', *cable television systems licensed under the Wireless Telegraphy Acts, 1926 to 1972* (alt 87(3)(f) den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983), agus 'Cláir áitiúla a rialáil lena leathadh ar chórais chábla', *Regulation of local programmes for distribution on cable systems* (teideal taoibhe alt 17 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976).
- 33 Féach, mar shampla, 'tagairtí ... do mhéid na mbrabús sin ar arb inmhuirearaithe cáin chorparáide sula ndéantar aon asbhaint uathu i leith muirir ar ioncam, costais bhainistí nó méideanna eile', *references to the amount of those profits chargeable to corporation tax before any deduction therefrom for charges on income, expenses of management or other amounts* (alt 155(10) den Acht Cánach Corparáide, 1976, arna ionadú le halt 57(1) den Acht Airgeadais, 1986 – cf. 'costais bhainistí, chothabhála, ghlantóireachta agus deisiúcháin atá inmhuirir ó cheart ar ioncam', *expenses properly chargeable to revenue of management, maintenance, cleaning and repair* [alt 119(1)(a) den Acht Cuanta, 1946]); féach, chomh maith, 'folaíonn "costais phinsin" aon ranníocáí eile ag cuideachta chun críocha aon scéime pinsin a bunaíodh chun pinsin a chur ar fáil do dhaoine atá fostaithe ag an gcuideachta', *"pension costs" include any other contributions by a company for the purposes of any pension scheme established for the purpose of providing pensions for persons employed by the company* (alt 74 i gCuid VII den Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí (Leasú), 1986), agus 'Na tagairtí atá san alt seo do chostais eadrána is tagairtí iad do chostais pháirtí agus pháirtí', *References in this section to the costs of an arbitration are references to party and party costs* (alt 19(4) den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967).
- 34 'Gach creidiúnaí a mbeidh cruthúnas ar fhiach lóisteáilte aige beidh sé i dteideal cruthúnais chreidiúnaithe eile a fheiceáil', *Every creditor who has lodged a proof of debt is entitled to see ... the proofs of other creditors* (alt 10 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Féimheachta, 1988).
- 35 'ar deontais iad atá níos mó ná na deontais chaipitíochta a íocann an tAire de ghnáth le bunscoileanna', *being grants that are greater than the capitation grants normally paid by the Minister to primary ... schools* (alt 485A(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 17(b) den Acht Airgeadais, 1998); cf. 'Deontais phrobháide', *Grants of probate* (teideal taoibhe alt 26 den Acht Comharbais, 1965).

dliteanas,³⁶ dualgas,³⁷ faltanas, fáltas,³⁸ feachtas,³⁹ fearas,⁴⁰ fialas, flaitheas, flaithiúnas, folachas, folúntas, fóntas,⁴¹ gabhálas, gabháltas,⁴² gaireas,⁴³



'fearais gháis'

- ³⁶ 'aon ... léas trína n-aistrítear sócmhainní nó dliteanais ghnó na Cuideachta Bunaidh', *any lease whereby the business assets or liabilities of the Original Company are transferred* (alt 8(2) den Acht Árachais, 1990); cf. 'cé acu a dhéantar nó nach ndéantar aon chostais agus dliteanais phinsin a mheasúnú de réir comhairle ó achtúire atá cáilithe go gairmiúil', *whether any pension costs and liabilities are assessed in accordance with the advice of a professionally qualified actuary* (alt 36(5)(c) i gCuid II den Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí (Leasú), 1986).
- ³⁷ 'fostaithe ... ag comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann i dtaca le dualgais pharlaiminte an chomhalta', *employed ... by ... a member of Dáil Éireann or of Seanad Éireann ... in connection with the member's parliamentary duties* (alt 11(1A)(iii) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003, arna chur isteach le halt 7 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2006) – cf. 'Dualgais chuideachta maidir le deimhnithe a eisiúint', *Duties of company in relation to the issue of certificates* (teideal taoibhe alt 86 d'Acht na gCuideachtaí, 1963), agus 'dualgais ghiotamála nach faide ná dhá uair a chloig sa lá', *fatigue duties not exceeding two hours daily* (Airteagal 89(3) sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).
- ³⁸ 'Fáltais chaipitil i leith scaireanna scéime', *Capital receipts in respect of scheme shares* (teideal taoibhe alt 54 den Acht Airgeadais, 1982).
- ³⁹ Féach 'feachtas fheasachta pobail ... a shocrú', *arranging public awareness campaigns* (alt 1(1)(b) de Chuid 2 d'Iarscríbhinn 2 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999), agus 'feachtas phoiblíochta, fhógraíochta agus spreagtha a chur ar siúl ... sa Stát', *provide ... publicity, advertising and promotional campaigns ... in the State* (alt 4(1)(g) den Acht um an gCóras Beostoic agus Feola, 1979).
- ⁴⁰ Féach, mar shampla, 'fearais gháis a dhíol', *the sale ... of gas appliances* (alt 2(1)(a) den Acht Gáis (Leasú), 1987), 'fearais mheicnitheiripe', *mechano-therapy appliances* (mír (xvii)(d) sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, arna ionadú le halt 60 den Acht Airgeadais, 1976), agus 'in umair stórála amh-ola scaglainne (seachas ... i bhfearais phróiseála)', *in the crude oil storage tanks of refineries (other than in ... processing installations)* (alt 1(iv) den Acht um Breoslaí (Soláthairtí a Rialú), 1971).
- ⁴¹ 'gnó fóntais gháis a sheoladh laistigh den limistéar sin', *the carrying on of the business of a gas utility within such area* (alt 2(2)(a)(ii) den Acht um Rialú Gáis, 1982).
- ⁴² 'iomlán airgid cheannaigh gach gabháltas cheantar cúng', *the whole of the purchase money of every congested districts holding* (alt 12 den Acht Talún, 1984); cf. 'aon duine ag a bhfuil an deimhniú talún ... i leith an ghabháltas bhunaidh', *any person having possession of the land certificate ... in respect of the original holding* (alt 46(5A) den Acht Talmhan, 1923, arna chur isteach le halt 30 den Acht Talún, 1965).
- ⁴³ 'An córas aerála le haghaidh seomraí ina bhfuil gairis gháis san fhoirgneamh a sheiceáil', *The checking ... of the ventilation system for rooms containing gas appliances in the building* (alt 5 sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilistóracha), 1988).

ganntanas, gealltanas,⁴⁴ iarratas,⁴⁵ iontas, iostas, lastas, leithreas, liúntas,⁴⁶ loingeas, luaiteachas, maoineas, miangas, oideas, oireachtas, othras, ráiteachas, ráiteas,⁴⁷ riachtanas,⁴⁸ rialtas, séanas, sócamas, stóras,⁴⁹ suaitheantas, tabhartas,

-
- 44 ‘más rud é, maidir le hoibrítheoir iompair phoiblí ... nach féidir leis nó léi a ghealltanais chonartha nó a gealltanais chonartha a chomhlíonadh de dheasca a staide airgeadais’, *where a public transport operator ... is unable to meet its contractual commitments because of its financial position* (alt 56 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008); cf. ‘maoiniú a sholáthrófar don Chiste, aon ghealltanais chomhréire agus na haisíocaíochtaí príomhshuime agus na híocaíochtaí úis i leith an mhaoinithe sin’, *Financing provided to the Fund, any corresponding undertakings and the repayments of principal and payments of interest in respect of such financing* (alt 1 d’Airteagal XI den Chomhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (Ciste Tacaíochta Airgeadais) (Comhaontú), 1976).
- 45 Féach, mar shampla, ‘Doiciméid a bhaineann le hiarratais phleanála a bheith ar fáil’, *Availability of documents relating to planning applications* (teideal taoibhe alt 38 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000); cf. ‘Iarratais chumasúcháin’, *Enabling applications* (teideal taoibhe alt 10 den Acht um Rialú Gáis, 1982), agus ‘Iarratais phaitinne a tréigeadh nó a chuaigh ar neamhní’, *Abandoned or void patent applications* (teideal taoibhe alt 7 den Acht Maoine Tionscail agus Tráchtála (Cosaint) (Comhaontú Neuchatel), 1947).
- 46 ‘liúntais chothromaíochta a thabhairt agus muirir chothromaíochta a ghearradh’, *the making of balancing allowances and charges* (alt 372AZ(3)(i) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 29(1) den Acht Airgeadais, 2007); cf. ‘Coigearuithe iarmhartacha maidir le liúntais chaipitil’, *Consequential adjustments in regard to capital allowances* (teideal taoibhe alt 39 den Acht Cánach Breisluacha, 1972); ar éigean gur tréith de chuid ‘costais’ atá in ‘liúntais’ in ‘Liúntais chostais etc.’, *Expenses allowances* (teideal taoibhe alt 116 den Acht Cánach Ioncaim, 1967), ná gur tréith de chuid ‘gníomhaireacht’ atá in ‘liúntais’ in ‘Ní thabharfaidh an Bord do thrádálaithe a bheas ag aon phort ... aon lascainí, coimisiúin ná liúntais ghníomhaireachta ná liúntais eile’, *No rebates, commissions or agency or other allowances shall be given by the Board to traders at ... any port* (alt 61(4) den Acht Iompair, 1950).
- 47 ‘a chinntiú go ndéantar aon ráitis chuntais arna n-ullmhú faoi alt 48 a ullmhú de réir rialachán arna ndéanamh faoin alt sin’, *to ensure that any statements of account prepared under section 48 are prepared in compliance with regulations made under that section* (alt 47(1)(c) den Acht Carthanas, 2009) – cf. ‘ráitis bhainc’, *bank statements* (alt 18(1) den Acht Cánach Breisluacha, 1972, arna ionadú le halt 48 den Acht Airgeadais, 1979).
- 48 Féach, mar shampla, ‘Duine ... ar mian leis nó léi iarratas a dhéanamh ar thacaíocht Stáit, déanfaidh sé nó sí iarratas ar mheasúnacht ar riachtanais chúraim’, *A person ... who wishes to make an application for State support shall apply for a care needs assessment* (alt 7(1)(a) den Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009), agus ‘ciallaíonn “riachtanais chóiríochta” méid na cóiríochta a theastóidh ó dhuine cáilithe’, *“accommodation needs” means the size of the accommodation required by an eligible person* (alt 93(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000); ní fhéadfaí a rá go léiríonn ‘riachtanais’ tréith sa sampla seo a leanas, ach oiread: ‘más rud é ... gurb ionann luach na hoibre a dhéanann duine acu agus luach na hoibre a dhéanann an duine eile, ag féachaint do nithe mar oilteacht, riachtanais choirp nó mheabhrach’, *if ... the work performed by one is equal in value to the work performed by the other, having regard to such matters as skill, physical or mental requirements, responsibility and working conditions* (alt 7(1) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998).
- 49 ‘stórais bhunachas liachta daingnithe na bhfórsaí armtha’, *The ... stores of fixed medical*

taispeántas,⁵⁰ támhas, teagmhas, teastas, tiarnas, tinneas, toirbheartas, toircheas, tráchtas, treabhchas, treafas, úirleachas.⁵¹

Ach oiread le heiseamláirí díshéimhithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe (i.e., ‘neart’ agus ‘cumas’ in ‘nirt mná’ agus ‘cumais comhairleora’), i gcás roinnt mhaith de na hainmfhocail sa liosta deiridh sin thuas ní ainmfhocail iad atá bunaithe ar aidiachtaí. Is fíorbheagán de na hainmfhocail sa liosta sin ar ainmfhocail theibí iad ó thaobh brí de, sa tslí chéanna is atá ‘breáthacht’, ‘finne’, ‘laige’ agus ‘airde’ sna samplaí den easpa séimhithe ar lorg ainmfhocail theibí bhaininscigh sa Chaighdeán Oifigiúil agus sa Chaighdeán Athbhreithnithe araon. I gcás ‘flaitheas’, mar shampla, is ‘neamh’ atá i gceist leis an bhfoirm iolra ‘flaithis’. Brí thánaisteach an cheannfhocail ‘ceartas’ i bhFoclóir Uí Dhónaill atá san fhoirm iolra ‘ceartais’ ann, ar a dtugtar *rights, just claims* san fhoclóir sin. I gcás ‘cineáltas’ in FGB tugtar ‘Na cineáltais a rinne siad orm, *the kindnesses they showed me; the good things they offered me*, agus i gcás ‘faltanas’ tugtar ‘Ag cuimhneamh na bhfaltanas’, *reviving enmities; re-opening old sores*. Is *cadetship* a thugtar ar ‘daltas’, i gcomórtas le ‘daltachas’, nach bhfaightear aon fhoirm iolra de in FGB, agus is *delicacies, dainties, confectionery* a thugtar ar an bhfoirm iolra den cheannfhocal ‘sócamas’ ann, murab ionann agus ‘sócúlacht’ (*comfortable state*), nach dtugtar aon fhoirm iolra de in FGB.

Agus an dara slat tomhais sa Chaighdeán Athbhreithnithe á cur san áireamh sula gcinntí an raibh an séimhiú le coinneáil ar an ainmfhocal ar lorg foirme iolra de na hainmfhocail sin thuas dar críoch ‘-(e)as’, nó le baint de – is é sin, ar léirigh an fhoirm iolra sin ‘tréith de chuid an dara hainmfhocal’ – fiú mar a thuigfeá ó na hainmfhocail féin i go leor cásanna thuas, agus mar a fheictear ó na samplaí a thug-

establishments of the armed forces (Airteagal 33 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).

⁵⁰ ‘a shocrú go seolfar turgnaimh agus taispeántais ghoirt agus bheostoic’, *arrange for the conduct of field and livestock experiments and demonstrations* (alt 15(e) den Acht an Údaráis Náisiúnta um Chomhairle, Oideachas agus Taighde Talmhaíochta, 1977).

⁵¹ Gabhann an nod don tseandálaíocht leis an téarma Gaelge seo ar *burial-ground* i mbunachar sonraí an Choiste Téarmaíochta.

Ainmfhocal dar críoch ‘-as’ nach bhfaightear mar cheannfhocal in FGB ach a bhfaighimid go leor samplaí den fhoirm iolra de sna hAchtanna, mar aon le samplaí den séimhiú ar an bhfocal atá faoi réir ag an bhfoirm sin, is ea ‘ceanglas’ – féach, mar shampla, ‘I gcás go mainneoidh úinéir suiteála amach ón gcósta ceanglais alt 11(4) den Acht seo, ceanglais fhógra faoi alt 26 (3) den Acht seo ... a chomhlíonadh’, *In case the owner of an offshore installation fails to comply with the requirements of section 11(4) of this Act, of a notice under section 26 (3) of this Act ...* (alt 34(1)(b) den Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha amach ón gCósta), 1987). Ní áirítear leithéidí ‘luas’ (< ‘luathas’) agus ‘maitheas’ / ‘ollmhaitheas’ sa liosta sin thuas ós rud gur ‘luasanna’ agus ‘maitheasaí’ / ‘ollmhaitheasaí’ atá mar fhoirm iolra acu faoi seach (is é sin, ní bheadh an t-ainmfhocal a bheadh faoi réir ag na foirmeacha iolra sin le séimhiú) – ainmfhocal baininscneach atá in ‘maitheas’, cé gur firinscneach don leagan malartach de, de réir FGB.

tar sna fonótaí, is amhlaidh gur ar éigean a bhainfeadh riail díséimhithe sin an Chaighdeáin Athbhreithnithe le hainmfhocal éiginnte ar lorg na foirme iolra sin d’aon ainmfhocal de na hainmfhocail sin. Dealraíonn sé, mar sin, gur beag fiúntas atá le foirmeacha iolra dar críoch consan caol a chur san áireamh i leagan nua de riail an Chaighdeáin Oifigiúil nach gnách séimhiú ar lorg ainmfhocail theibí.



‘Ní fhaca mé é le haois gadhair’

Agus is amhlaidh go mbaineann contúirt mhór leis an leathnú atá déanta ar riail sin an Chaighdeáin Oifigiúil sa Chaighdeán Athbhreithnithe le béim na rialach nua ar ‘tréith’. Dar le Gearóid Stockman ‘is é an rud is ainm teibí ann de ghnáth ainm tréithe (*áilleacht, binneas*), nó staide (*mire, ocras*) nó gnímh (*iascaireacht, feirmeoireacht*).⁵² Agus in eagrán 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* áirítear ‘aois gadhair’, ‘intleacht mná’ agus ‘acmhainn grinn’, i dteannta ‘airde fir’ an Chaighdeáin Oifigiúil, mar eiseamláirí riail na heaspa séimhithe ann ‘ar lorg ainm theibí nuair nach ginideach ainm bhriathartha nó ginideach comhaisnéise a bheadh i gceist’.⁵³ Fadhb mhór ó thaobh na reachtaíochta sa Ghaeilge de a bhainfeadh le riail nua sin an ainmfhocail theibí sa Chaighdeán Athbhreithnithe (agus leis an riail sin in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*) ná nach gá go n-áireodh daoine na hainmfhocail chéanna mar ainmfhocail theibí de réir shlata tomhais agus eiseamláirí an dá ghraiméar sin – cinneadh suibiachtúil a bheadh ann i gcásanna áirithe, murab ionann agus an chinnteacht a ghabhann le riail an Chaighdeáin Oifigiúil agus teibíocht an ainmfhocail a bheith ag baint lena chomhdhéanamh. Más ionann ainmfhocal teibí agus ainm tréithe nó cáilíochta nó staide – ainmfhocal a léiríonn rud teibí, seachas rud coincreiteach⁵⁴ – d’fhéadfadh liosta fada d’ainmfhocail a bheith i gceist agus gan liosta duine amháin a bheith ag teacht le liosta duine eile, rud a bheadh contúirteach i gcás aon doiciméid a bhainfeadh le réimse na reachtaíochta de, ar nós Achta den Oireachtas nó

⁵² Gearóid Stockman, *Cruinneas Gramadaí agus Corrfhocal Eile* (1996), lch 103.

⁵³ Alt 4.16, lch 25 – níor tugadh ‘acmhainn grinn’ in eagrán 1960 den Ghraiméar sin, agus féach gur san abairt “Ní fhaca mé é le haois gadhair” a thugtar ‘aois gadhair’ i bhFoclóir Uí Dhónaill (mar a bhfaightear *I haven’t seen him for a lifetime* air). Féach, chomh maith, gur ‘ainmfhocal (á dhíorthú ó aidiacht cuid mhaith) teibí á cháiliú / nádúr / tréithiúlacht’ atá mar cheannteideal ag Micheál Ó Murchú ar ghrúpa eiseamláirí a thugann sé, ar eiseamláirí iad den easpa séimhithe ar an ainmfhocal sa ghinideach iontu, dar leis (Micheál Ó Murchú, ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’, lch 162) – ar na heiseamláirí a thugann sé faoin gceannteideal sin tá ‘contúirt ar bith mearaidh’, ‘fadhb pearsanra’, ‘féidearthacht débhrí’, ‘infheistíocht fiontraíochta’, ‘mian súl agus croí’, ‘toisc góidrisce’ agus ‘(trí) urlabhra béil’, i dteannta leithéid ‘tarraingteacht cailín’.

⁵⁴ Féach <http://www.nualeargais.ie/foghblaim/nouns.php?teanga=>: *An abstract noun represents something that you can’t see, touch, feel, taste or smell.*

uachta. Dris chosáin a bheadh sa riail sin do scríbhneoirí na Gaeilge, ar dris í nach raibh ann go dtí seo agus promhadh á dhéanamh ag daoine ar fhocail ó thaobh na rialach sa Chaighdeán Oifigiúil le linn dóibh bheith ag scríobh⁵⁵ – agus is dris chosáin í atá leathnaithe go dtí ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol.

⁵⁵ Mar shampla, ar a shuíomh gréasáin d’aistritheoirí, áiríonn Antain Mac Lochlainn ‘fuinneamh’ mar fhocal teibí ach d’fhéadfadh duine eile a mheas gur féidir ‘fuinneamh’ a bhrath agus gur ní coinchréiteach atá ann dá bharr sin. Ní thugtar aon fhoirm iolra de ‘fuinneamh’ in FGB, mar shampla, agus is mar seo a leanas a scríobhann Mac Lochlainn faoi ó thaobh an aistritheora de:

Is minic a bhíonn cuma aduain ar fhocail theibí san uimhir iolra, m.sh. *To make full use of the creativity and energies of the region* / ‘Leas iomlán a bhaint as cruthaitheacht agus as fuinnimh an réigiúin’. Le fírinne, ní bheadh cailteanas rómhór san abairt sin dá scríobhfaí ‘fuinneamh an réigiúin’. Rogha eile ná ainmfhocal iolra a chur leis: ‘foinsí fuinnimh an réigiúin’. (<http://www.aistear.ie/popup.php?ID=264>)

Dealraíonn sé nach bhfuil ach sampla amháin de *energies* sna hAchtanna agus aistrítear mar ‘fuinnimh’ é: ‘Tomhais gníomhaíochta radanúicléide agus radaíochta núicléiche a shrianadh do chinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil na cineálacha radaíochta nó na fuinnimh radaíochta sin atá iomchuí maidir le críoch an iniúchta i láthair’, *Restricting measurements of radionuclide activity and nuclear radiation to determining the presence or absence of those types and energies of radiation relevant to the purpose of the inspection* (alt 89(b) i gCuid II (A) d’Iarscríbhinn 1 leis an gConradh sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chosc ar Thrialacha Núicléacha, 2008).

Teidil aonad riaracháin agus gnó

Murab ionann agus an riail a bhí faoi chaibidil againn sa chaibidil dheireanach, is riail díséimhithe eile sa Chaighdeán Athbheithnithe nach raibh a macasamhail sa Chaighdeán Oifigiúil is ábhar don chaibidil seo. Iarracht ar an eisceacht ó riail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil a fhaightear in ainmneacha Ranna Rialtais agus i roinnt teideal oifigiúil eile ach go háirithe – leithéidí ‘An Roinn Comhshaoil’ agus ‘comhairle contae’ – a thabhairt faoi riail atá laistiar den riail nua seo. Is eisceachtaí iad sin a bhaineann leis an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha ach is amhlaidh go gcuirtear ainmfhocail éiginnte atá faoi réir ag an ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol isteach leis na heisceachtaí sin ó riail an Chaighdeáin Oifigiúil, i gcomhréir leis na míreanna eile i sraith rialacha díséimhithe an Chaighdeáin Athbheithnithe, agus i gcomhréir, chomh maith, le moltaí an Choiste Téarmaíochta agus le moltaí Mhichíl Uí Mhurchú¹ araon, mar a fheicfead anseo thíos.

De réir riail nua seo an Chaighdeáin Athbheithnithe, ‘más teideal aonaid riaracháin nó gnó atá i gceist’ ní séimhítear an t-ainmfhocal sa ghinideach atá faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha nó ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol. Is mar seo a leanas a thugtar eiseamláirí na rialach nua sa Chaighdeán Athbheithnithe:

An Roinn Comhshaoil, an rannóg pearsanra, seirbhís comhairleoireachta, comhairle baile, comhairle contae, comhairle cathrach, scéim pinsean, scéim séarachais, scéim teanga, scoil breisoideachais, monarcha brící (monarcha a tháirgeann brící), monarcha gáis, cuideachta margáíochta, feirm capall, aonaid clárúcháin, údaráis cúige, rannáin ceantair.

Murab ionann agus roinnt de na heiseamláirí sin thuas d’ainmfhocal ar lorg ainmfhocail bhaininsneigh uatha, níl aon cheist i gcás na dtrí eiseamláir dheireanacha ná gur ghnách i gcaitheamh na mblianta séimhiú ar leithéidí *clárúcháin*, *cúige* agus *ceantair* ar lorg *aonaid*, *údaráis* agus *rannáin* i réimse na reachtaíochta agus i gcáipéisí oifigiúla ach go háirithe. Is amhlaidh fiú go bhfaightear ‘a n-aonaid chláirúcháin agus chigireachta’ i bhfreagra scríofa a tugadh i gComhthionól Thuaisceart Éireann ar an 24 Samhain 2000² agus go bhfaightear ‘údaráis chúige’ i gcáipéis a d’fhoilsigh comhlacht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.³

¹ San alt sin leis atá luaite roimhe seo sa staidéar, ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’.

² ‘Is tríd a n-aonaid chláirúcháin agus chigireachta atá na boird sláinte agus seirbhísí sóisialta freagrach as faireachán a dhéanamh ar sholáthar cúraim i ngach teaghais chúraim chónaithigh agus altranaís’ (<http://archive.niassembly.gov.uk/writtenanswers/001124D.htm>).

³ <http://ec.europa.eu/eures/main.jsp?lang=ga&acro=eures&catId=56&parentCategory=&orgId=71>. Agus is amhlaidh go bhfaighimid ‘údaráis chláirúcháin’ i 17 nAcht den Oireachtas idir 1946 agus 2003 (cf. fonóta 11 ar an gcéad leathanach eile).

Achtanna an Oireachtais

Ar ndóigh, tá macasamhail shéimhithe go leor de na heiseamláirí sin thuas as an gCaighdeán Athbhreithnithe le fáil in Achtanna an Oireachtais. Má thógaimid slata tomhais na rialach nua gur ‘teideal aonaid riaracháin nó gnó’ atá i gceist in ‘aonaid clárúcháin’, ‘údaráis cúige’ agus ‘rannáin ceantair’, tagann an easpa séimhithe sin salach ar an iliomad cineálacha údarás a dtagraítear dóibh sna hAchtanna agus séimhiú ar lorg ‘údaráis’, ar nós ‘údaráis bhaile’,⁴ ‘údaráis chathrach’,⁵ ‘údaráis chontae’⁶ agus ‘údaráis chuain’⁷ ach go háirithe. Ar údarás eile a dtagraítear dóibh sna hAchtanna tá ‘údaráis bhóithre’,⁸ ‘údaráis chánach’,⁹ ‘údaráis cheannais’,¹⁰ ‘údaráis chlárúcháin’,¹¹ ‘údaráis mhaoirseachta’,¹² ‘údaráis phinsin’,¹³ ‘údaráis

-
- 4 ‘comhlachas d’údaráis bhaile ar n-a cheadú ag an Aire’, *an association of urban authorities approved of by the Minister* (alt 88(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 1941).
 - 5 ‘Údaráis chúigeacha, réigiúnacha, áitiúla agus chathrach’, *Provincial, regional, local and municipal authorities* (alt 3 in Iarscibhinn 1 a ghabhann leis an Treoir sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chúiteamh d’Infheisteoirí, 1998).
 - 6 ‘fé is dá mba ospidéal do cuireadh ar fáil fá na hAchta san ag an údarás contae nó na húdaráis chontae chun ar haistríodh an talamh san amhlaidh an sanatorium’, *as if the sanatorium were a hospital provided under those Acts by the county authority or county authorities to whom such land is so transferred* (alt 6(2) den Acht Eitinne (Sanatoria do Bhunú), 1945).
 - 7 ‘Údaráis Chuain de réir bhrí an Achta Cuanta 1946’, *Harbour Authorities within the meaning of the Harbours Act 1946* (alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003).
 - 8 ‘Ordacháin d’údaráis bhóithre’, *Directions to road authorities* (teideal taoibhe alt 67 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008) – cf. ‘déanfaidh údaráis bhóithre fodhlíthe faoin alt seo de réir na dtreoirlínte’, *bye-laws under this section shall be made by road authorities in accordance with the guidelines* (alt 36(7) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994).
 - 9 ‘údaráis chánach an Bhallstáit’, *the tax authorities of the Member State* (alt 634(3)(a) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 60(e)(iii) den Acht Airgeadais, 2006).
 - 10 ‘Leanfaidh comhlachtaí ceannais coláistí láithreacha, etc, de bheith in oifig go dtí go gcomhdhéanfar na chéad údaráis cheannais’, *Governing bodies of existing colleges, etc, to continue in office until first governing authorities constituted* (teideal taoibhe alt 22 d’Acht na nOllscoileanna, 1997).
 - 11 ‘déanfaidh ... na húdaráis chlárúcháin lena mbaineann liosta ... de phostvótálaithe ... a ullmhú ina leith’, *a postal voters list ... shall be prepared in respect of it by the ... registration authorities concerned* (alt 5(2) den Acht Toghcháin (Leasú), 1990) – cf. ‘Údaráis Chlárúcháin’, *Registering Authorities* (an ceannteideal os cionn alt 9 den Acht um Chlárú Teidil, 1964).
 - 12 ‘údaráis mhaoirseachta na mBallstát eile’, *the supervisory authorities of the other Member States* (alt 11(3) den Acht um Chosaint Sonraí, 1988, arna ionadú le halt 12 den Acht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003).
 - 13 ‘nach mór don duine na húdaráis phinsin a shásamh’, *the person must satisfy the pension authorities* (alt 159(1)(b) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

phíolótaíochta’,¹⁴ ‘údaráis phleanála’¹⁵ agus ‘údaráis phóilíneachta’.¹⁶ Ó thaobh aonad riaracháin de, faightear ‘aonaid chríche’, gona shéimhiú, i roinnt Achtanna¹⁷ agus, ó thaobh aonaid ghnó de, faightear ‘aonaid chuntais’ in Acht ón mbliain 1990.¹⁸

Má thógaimid an dara hainmfhocal san aonad ainmfhoclach ‘rannáin ceantair’ (an eiseamláir dheiridh sa Chaighdeán Athbhreithnithe), faighimid tagairt do ‘lárionaid shíciatracha cheantair’ in Acht ón mbliain 1981¹⁹ agus do ‘Ospidéil Mheabhair-Ghalar Cheantair’ in Acht ón mbliain 1976,²⁰ mar shampla.²¹ I dtaca leis an dara hainmfhocal san aonad ‘aonaid clárúcháin’ (an chéad eiseamláir

¹⁴ ‘a bhfuil foráil ann le haghaidh údaráis phíolótaíochta do dhéanamh fodhlíthe’, *which provides for the making of bye-laws by pilotage authorities* (alt 3 den Acht Píolótaíochta (Leasú), 1962).

¹⁵ ‘do na húdaráis phleanála don limistéar ina mbeidh an fhorbairt suite’, *to ... the planning ... authorities for the area where the development is to be situated* (alt 20(1) d’Acht na bPríosún, 2007) – cf. ‘Údaráis phleanála do chur doiciméad, etc. faoi bhráid an Bhoird’, *Submission of documents, etc. to Board by planning authorities* (teideal taoibhe alt 128 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000).

¹⁶ ‘aon údaráis phóilíneachta nó eile’, *Any ... police or other authorities* (Airteagal 144 sa Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).

¹⁷ ‘Stáit a bhfuil aonaid chríche uathrialacha acu’, *States having autonomous territorial units* (Airteagal 6(2) den Choinbhinsiúin i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Uchtála, 2010 – cf. ceannteideal Airteagal 36 den Choinbhinsiúin sin: ‘I gcás dhá chóras dlí nó níos mó in aonaid chríche éagsúla a bheith ag Stát’, *Where State has two or more systems of law in different territorial units*); ‘Stáit nó aonaid chríche áirithe a ainmniú’, *Designation of certain states or territorial units* (teideal taoibhe alt 57A den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, arna chur isteach le halt 23 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001), agus ‘Maidir le tír ag a bhfuil dhá chóras nó níos mó i dtaca le colscaradh i bhfeidhm in aonaid chríche éagsúla’, *In relation to a country which has in matters of divorce two or more systems applying in different territorial units* (alt 5(2) den Acht um Shainchónaí agus Aithint Colscarthaí Coigríche, 1986).

¹⁸ ‘Méideanna in aonaid chuntais a chomhshó in airgeadra an Stáit’, *Conversion of amounts in units of account into currency of State* (teideal taoibhe alt 6 den Acht um Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar, 1990).

¹⁹ ‘Lárionaid shíciatracha cheantair’, *District psychiatric centres* (teideal taoibhe alt 9 den Acht Sláinte (Seirbhísí Meabhairghalar), 1981).

²⁰ ‘chun príosúnaigh a choinnítear in Ospidéil Mheabhair-Ghalar Cheantair a chothabháil’, *for the maintenance of prisoners confined in District Mental Hospitals* (Vóta Uimh. 23 i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1976) – cf. ceannteideal Chuid xvii den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945.

²¹ Sula bhfágaimid ‘ceantair’, i gcás an tsampla seo a leanas de ‘ceantair’ mar ainmfhocal tosaigh an aonaid ainmfhoclaigh, is dócha go mbeadh leithéid ‘ceantair bhailiúcháin’ le háireamh mar ‘aonad riaracháin’ de réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe agus, dá dheasca sin, nach mbeadh séimhiú ar an bhfocal a bheadh faoi réir ag ‘ceantair’, mar atá san fhasach seo a leanas: ‘Féadfaidh an tAire ..., le hordú, an roinnt ina cheantair bhailiúcháin atá déanta ar líomatáiste rátaithe a athrú’, *The Minister may ... by order vary the existing division of a rated area into collection districts* (alt 33(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 1946).

sa rialail sin den easpa séimhithe ar lorg ainmfhocail iolra), faighimid an téarma ‘údaráis chlárucháin’, mar shampla, i roinnt Achtanna.²² De réir rialacha an Chaighdeáin Athbheithnithe bheadh sin mícheart, ach toisc nach ‘teideal aonaid riaracháin nó gnó’ atá i leithéidí ‘doiciméid chlárucháin’,²³ ‘taifid chlárucháin’,²⁴ ‘ceanglais chlárucháin’²⁵ agus ‘dualgais chlárucháin’,²⁶ bheidís-sean slán i gcónaí, de réir an Chaighdeáin Athbheithnithe.

Fillimid ar dhíshéimhiú an ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol ar ball thíos, ach díreoimid anois ar an rialail díshéimhithe seo i gcoitinne agus ar na heiseamláirí den díshéimhiú ar lorg an ainmfhocail bhaininscigh uatha.

An Coiste Téarmaíochta

Ní raibh leithéidí ‘An Roinn Cosanta’ agus ‘comhairle contae’ san áireamh sna rialacha a bhain le heaspa séimhithe ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha sa Chaighdeán Oifigiúil ach chuir an Coiste Téarmaíochta san áireamh iad mar a leanas i mír amháin dá gcuid moltaí i dtaca leis an séimhiú:

Is iondúil nach séimhithear i ndiaidh na bhfocal seo a leanas i dteidil oifigiúla: *comhairle* [= comhlacht oifigiúil], *oifig*, *rannóg*, *roinn*, *seirbhís*, *scéim*

Is mar chnuasainmneacha a bhreathnaítear ar na focail sin i dteidil oifigiúla seachas *scéim* agus *seirbhís*, áit a mbraitear an gaol ‘le haghaidh’ a bheith idir an dá ainmfhocal: *An Roinn Cosanta*, *An Rannóg Pearsanra*, *An Oifig Slándála*, *An tSeirbhís Póilíneachta*, *Comhairle Contae Dhún na nGall*, *Comhairle Cathrach na Gaillimhe*.²⁷

I rialail an Chaighdeáin Athbheithnithe ní dhéantar aon teorannú do theidil oifigiúla, mar atá thuas, ach ina áit sin, de bhreis ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscigh dar críoch consan caol a chur san áireamh, tá leathnú an-mhór déanta ar na heisceachtaí agus é mar rialail nach bhfuil

²² Féach fonóta 11, an fonóta a ghabhann le ‘údaráis chlárucháin’ sa liosta d’údaráis éagsúla thuas.

²³ *registration documents* (alt 256F(1) d’Acht na gCuideachtaí, 1990, arna chur isteach le halt 3(j) d’Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009).

²⁴ *registration records* (alt 68(1) den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007).

²⁵ ‘ó cheanglais chlárucháin d’eachtrannaigh’, *from ... alien registration requirements* (Airteagal 47(b) den Chomhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um an gComhchiste Idirnáisiúnta do Thráchtearraí, 1982) – cf. alt 8(ii) d’Airteagal ix sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 1977.

²⁶ ‘Dualgais chlárucháin’, *Registration duties* (teideal taoibhe alt 7 den Acht Toghcháin, 1963).

²⁷ Féach Foscribhinn 4 leis seo – díreofar ar ‘le haghaidh’ ar lch 161-2 thíos; bhí molta ag Maolmhaodhóg Ó Ruairc in *Ainmfhocail faoi réir a chéile* (1996, lch 9-10) go gcuirfí mír eile leis na heisceachtaí ó rialail an tséimhithe, ina mbeadh focail áirithe nach mbíonn séimhiú ar a lorg – ar na focail sin bhí ‘comhairle’, ‘roinn’ agus ‘seirbhís’, i dteannta ‘tréimhse’, ‘táille’ agus cúpla focal eile.

an t-ainmfhocal sa ghinideach le séimhiú ‘más teideal aonaid riaracháin nó gnó atá i gceist’. Má fhillimid ar an bhfocal ‘ceantar’ ach é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach an turas seo, ar na samplaí a fhaightear sna hAchtanna de théarmaí ina mbíonn séimhiú ar ‘ceantar’ sa ghinideach uatha tá ‘clárlann phrohbháide cheantair’,²⁸ ‘comhairle bhailecheantair’,²⁹ ‘comhairle cheantair’,³⁰ ‘íoclann cheantair’³¹ agus ‘toghroinn cheantair’.³² Agus, i dtaca le díséimhiú ainmfhocail sa ghinideach agus é faoi réir ag ‘comhairle’, is comhlachtaí poiblí iad ‘Comhairle Cheardaíochta na hÉireann’³³ agus ‘Comhairle Chláraitheachta na Meánmhúinteoirí’³⁴ araon – féach, chomh maith, ‘an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001’.³⁵ Agus, mar fhocal scoir anseo, i dtaca le ‘comhairle contae’ féin, faightear corrrshampla sna hAchtanna de ‘comhairle chontae’ mar aistriúchán ar *the council of a county*.³⁶

²⁸ ‘folaíonn “Oifig Phrohbháide” clárlann phrohbháide cheantair’, *Probate Office* includes a district probate registry (alt 48(1) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, arna ionadú le halt 147(1)(k) den Acht Airgeadais, 2010) – cf. ‘measfar gur oifig a ghabhann leis an Ard-Chúirt clárlann phrohbháide cheantair’, *a district probate registry shall be deemed to be an office attached to the High Court* (alt 13 d’Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2009).

²⁹ ‘An Chomhairle Bhailecheantair do scur’, *Dissolution of the Urban District Council* (teideal taoibhe alt 5 den Acht Rialtais Áitiúla (Gaillimh), 1937).

³⁰ ‘cialluíonn an abairt “an Chomhairle Cheantair” Comhairle Bhailecheantair na Gaillimhe’, *the expression “the District Council” means the Council of the Urban District of Galway* (alt 2 den Acht Rialtais Áitiúla (Gaillimh), 1937).

³¹ ‘Gach foras ceantair nó íclann cheantair a bhí ... á chothabháil ag comhairle chontae’, *Every district institution or dispensary which ... was maintained by the council of a county* (alt 7(1) den Acht Sláinte, 1953) – cf. fonóta 36 thíos i dtaca leis an séimhiú ar ‘contae’ i ndiaidh ‘comhairle’.

³² ‘Toghroinn Cheantair Chill Salcháin i gcontae Fhine Gall’, *the District Electoral Division of Kilsallaghan in the county of Fingal* (alt 1 den Acht um Fhorbairt Príosúin (Rúin a Dhaingniú), 2008) – cf. ‘an toghroinn cheantair ... inar heisíodh é’, *the electoral division ... in which it is issued* (alt 25(5)(b)(iii) den Acht Iascaigh (Leasú), 1958).

³³ *Crafts Council of Ireland* (alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003).

³⁴ *Registration Council for Secondary Teachers* (alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003).

³⁵ *the Teaching Council Act, 2001* (Acht Uimh. 8 de 2001).

³⁶ ‘maidir le comhairle chontae, le bardas buirge nó le comhairle cheantair uirbigh’, *with respect to the council of a county, the corporation of a borough or an urban district council* (alt 2(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 [faightear ‘comhairle contae’ ar *the council of a county*, áfach, i go leor Achtanna eile]) – cf. ‘Gach foras ceantair nó íclann cheantair a bhí ... á chothabháil ag comhairle chontae nó bardas contae-bhuirge i gcáil údaráis chúnaimh phoiblí’, *Every district institution or dispensary which ... was maintained by the council of a county or corporation of a county borough as a public assistance authority* (alt 7(1) den Acht Sláinte, 1953); féach go bhfaightear ‘comhairle chontae’ ar *county council* san fhoráil seo a leanas in Acht ón mbliain 1922: ‘Aon chomhairleoir d’aon chomhairle chontae no cheantair thuithe ... go ndéanfaidh an t-Aire

Oifig

Cé go dtiocfadh sé faoi réir na rialach nua, ní aon ionadh é nár tugadh aon sampla sa Chaighdeán Athbheithnithe – murab ionann agus sna moltaí ón gCoiste Téarmaíochta – d’ainmfhocal atá faoi réir ag ‘oifig’, tharla go bhfuil a oiread sin teideal ar aonaid riaracháin agus ghnó le fáil sa reachtaíocht agus ginideach séimhithe ar lorg ‘oifig’. Ní amháin go sáraíonn an teideal ‘Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais’ riail nua sin an díshéimhithe i gcás teideal aonad riaracháin nó gnó ach sáraíonn sé an riail nua i dtaca le díshéimhiú ghinideach an ainm bhriathartha chomh maith, mar a chonaiceamar i gCuid 1. Is ainm comhlachta phoiblí atá in ‘An Phríomh-Oifig Chlárúcháin’,³⁷ agus féach na hainmneacha ‘Oifig Chlárúcháin na gCuideachtaí’,³⁸ ‘an Oifig Gheinealais’³⁹ agus ‘an Oifig Phrobháide’.⁴⁰ Ar shamplaí eile as Achtanna an Oireachtais den séimhiú ar an bhfocal atá faoi réir ag ‘oifig’ tá na cinn seo a leanas:

‘oifig Bhainisteora Cathrach na Gaillimhe’,⁴¹ ‘oifig bhainisteora mianaigh’,⁴² ‘oifig bhreithimh den Chúirt Uachtarach’,⁴³

na toghacháin reachtúla chuige do chur ar ath-ló fén Acht so, a eireoidh as a oifig mar chomhairleoir ... ní bheidh sé i mbaol aon fhíneála’, *No councillor of a county or rural district council ... the statutory elections to which are postponed by the Minister under this Act who shall resign his office as such councillor ... shall be liable to any fine* (alt 6(2) den Acht chun Toghacháin Áitiúla do chur ar Ath-ló, 1922).

- ³⁷ *General Register Office* (alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, mar shampla).
- ³⁸ *Companies Registration Office* (Cuid 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980) – faightear ‘An Oifig um Chlárú Cuideachtaí’, *the Companies Registration Office*, in alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
- ³⁹ ‘An Leabharlann Náisiúnta (lena n-áirítear an Oifig Gheinealais)’, *National Library (including the Genealogical Office)* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986).
- ⁴⁰ ‘iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte tríd an Oifig Phrobháide’, *to apply to the High Court through the Probate Office* (alt 36(3) den Acht Comharbais, 1965) – cf. alt 37 den Acht sin: ‘Is san Oifig Phrobháide nó sa chlárann phrobháide cheantair, cibé acu é, ónar eisíodh an deontas bunaidh a thabharfar an dara deontas’, *Second ... grants shall be made in the Probate Office or district probate registry, as the case may be, from which the original grant issued; féach, chomh maith, ‘folaíonn “Oifig Phrobháide” clárann phrobháide cheantair, ‘Probate Office’ includes a district probate registry* (alt 48(1) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, arna ionadú le halt 147(1)(k) den Acht Airgeadais, 2010).
- ⁴¹ *an office of Galway City Manager* (alt 7(2) den Acht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985) – cf. ‘oifig Bhainisteora Chathrach agus Bhaile-Chléirigh Chorcaighe’, *the office of Cork City Manager and Town Clerk* (alt 1 den Acht Rialtais Áitiúil, 1958).
- ⁴² ‘Ceapacháin shealadacha le linn folúntais in oifig bhainisteora mianaigh nó cairéil’, *Temporary appointments during vacancy in office of mine or quarry manager* (teideal taoibhe alt 30 den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965).
- ⁴³ *the office of judge of the Supreme Court* (alt 2(1) den Acht Carthanas, 2009) – cf. ‘a bhí ...

‘oifig bhreithiúnachta’,⁴⁴ ‘oifig cheanncheathrún’,⁴⁵ ‘oifig chláraithe chuideachta’,⁴⁶ ‘oifig chláraithe scaireanna’,⁴⁷ ‘an Oifig Chláraitheachta Maoine Tionscail agus Tráchtála’,⁴⁸ ‘oifig chláraitheora’,⁴⁹ ‘oifig chláraitheora contae’,⁵⁰ ‘oifig chláraitheora probháide ceantair’,⁵¹ ‘oifig chlárúcháin’,⁵² ‘oifig chléireach do choiste pinsin áitiúil’,⁵³ ‘oifig chléirigh’,⁵⁴

i seilbh oifig bhreithimh d’aon cheann de na cúirteanna’, *who ... held the office of judge or justice of any of the ... courts* (alt 7(3) d’Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961).

- 44 *a judicial office* (alt 2(7) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht an Gharda Síochána (Gearáin), 1986).
- 45 ‘cóiríocht oifige a úsáidtear mar oifig cheanncheathrún’, *office accommodation used as a headquarters office* (alt 57 d’Acht an Údaráis Náisiúnta um Chomhairle, Oideachas agus Taighde Talmhaíochta, 1977).
- 46 ‘Oifig chláraithe chuideachta’, *Registered office of company* (teideal taoibhe alt 4 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982) – is é an séimhiú ar ‘cuideachta’ a bhaineann linn anseo.
- 47 ‘folaíonn “áit ghnó” oifig aistrithe scaireanna no oifig chláraithe scaireanna’, *“place of business” includes a share transfer or share registration office* (alt 360 d’Acht na gCuideachtaí, 1963).
- 48 *the Industrial and Commercial Property Registration Office* (alt 2(1) d’Acht na dTrádmharcanna, 1963); cf. ‘Oifig Ghealtachta Thiarna Seansailéara na hÉireann’, *the Lunacy Office of the Lord Chancellor of Ireland* (alt 15(1) san Ochtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).
- 49 ‘Ní oifig faoi bhord sláinte a bheidh in oifig chláraitheora’, *The office of registrar shall not be an office under a health board* (alt 2(2) den Acht um Chlárú Breitheanna, Básanna agus Póstaí, 1972) – cf. ‘oifig chláraitheora cuideachtaí nó chláraitheora chúnta cuideachtaí’, *the office of registrar of companies or assistant registrar of companies* (alt 389 d’Acht na gCuideachtaí, 1963).
- 50 ‘folúntas in oifig chláraitheora contae’, *a vacancy ... in the office of county registrar* (alt 115(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977) – cf. ‘Má tharlaíonn folúntas in oifig chláraitheora contae nó shirriam’, *Where a vacancy occurs in the office of county registrar or sheriff* (alt 11(5) den Acht Toghcháin, 1963).
- 51 ‘oifig chláraitheora probháide ceantair don cheantar sin a chomhalladh le linn an cláraitheora probháide ceantair gníomhach a bheith as láthair go sealadach’, *to execute, during the temporary absence ... of the acting district probate registrar, the office of district probate registrar for that district* (alt 131 den Acht Comharbais, 1965).
- 52 ‘Oifig chlárúcháin’, *Registration office* (teideal taoibhe alt 368 d’Acht na gCuideachtaí, 1963).
- 53 ‘Scoirfidh oifig chléireach do choiste pinsin áitiúil agus oifig chléireach d’fhochoiste pinsin áitiúil de bheith ann’, *The offices of clerk to a local pension committee and clerk to a local pension sub-committee shall cease to exist* (alt 20(1) den Acht Leasa Shóisialaigh, 1984) – cf. ‘Ní oifig lena mbaineann an Príomh-Acht oifig chléireach do chomhairle cheantair uirbigh ar lú ná naoi míle a dhaonra’, *The office of clerk to the council of an urban district, the population of which ... is less than nine thousand, shall not be an office to which the Principal Act applies* (alt 6 den Acht um Údaráis Áitiúla (Oifigigh agus Fostaithe), 1983).
- 54 ‘go ndéanfaidh mé go dícheallach agus go fireata oifig chléirigh a fhorghníomhú’, *that I will diligently and faithfully execute the office of a clerk* (Cuid I de Sceideal 17 a ghabhann leis an Acht Cánach Ioncaim, 1967).

‘oifig choimeádaí’,⁵⁵ ‘oifig choimisinéara um chearta’,⁵⁶ ‘oifig chomhalta’,⁵⁷ ‘oifig chonsalachta’,⁵⁸ ‘oifig chontae-bhainisteora’,⁵⁹ ‘oifig chróinéara’,⁶⁰ ‘oifig chúirte’,⁶¹ ‘oifig chúirte cuarda’,⁶² ‘oifig chúirte dúiche’,⁶³ ‘oifig chúinamh phoiblí’,⁶⁴ ‘oifig dhuine éigin’,⁶⁵

-
- ⁵⁵ ‘Ní bheidh aon duine incheaptha chun oifig choimeádaí do thoghroinn’, *No person shall be eligible for the office of conservator for an electoral division* (alt 25 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).
- ⁵⁶ *the office of rights commissioner* (alt 13(5)(b) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969).
- ⁵⁷ ‘Ní bheidh feidhm ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 agus 1958, maidir le hoifig chomhalta den Choimisiún’, *The Civil Service Regulation Acts, 1956 and 1958, shall not apply to the office of member of the Commission* (alt 4(12) den Acht d’Fhorchur Dleachtanna (Dumpáil agus Fóirdheontais), 1968).
- ⁵⁸ ‘le haon mhisiún taidhleoireachta nó oifig chonsalachta Éireannach’, *with any Irish diplomatic mission or consular office* (alt 8(1) d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, arna ionadú le halt 3 d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1986).
- ⁵⁹ ‘oifig chontae-bhainisteora do chontae faoin Acht um Bainistí Chontae, 1940’, *the office of county manager for a county under the County Management Act, 1940* (alt 1 den Acht Rialtais Áitiúil, 1958).
- ⁶⁰ ‘folaíonn “cróinéir” ... duine arna cheapadh ... chun oifig chróinéara a líonadh go sealadach’, “*coroner*” ... *includes a person appointed ... to fill the office of coroner temporarily* (alt 2 den Acht Cróinéirí, 1962).
- ⁶¹ ‘é nó í a thabhairt go dtí cúirt nó oifig chúirte’, *bring him or her to a court or court office* (alt 11(1)(d) d’Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2009) – cf. ‘I gcás doiciméad ... a bheith le taisceadh in aon oifig chúirte’, *Where a document ... falls to be lodged at any court office* (alt 7(6)(b) d’Acht na gCúirteanna, 1964).
- ⁶² ‘Déanfaidh an Cláraitheoir Contae gach seirbheálaí toghairme den sórt sin a shannadh do cibé ceantar dá bhfónann an oifig chúirte cuarda lena mbaineann an seirbheálaí toghairme’, *Every such summons server shall be assigned by the County Registrar to such area served by the circuit court office to which the summons server is attached* (alt 44(4) den Acht Oifigigh Cúirte, 1926, arna ionadú le halt 22(2) d’Acht na gCúirteanna, 1971) – cf. ‘go mbeidh seirbheálaí toghairme amháin nó níos mó ag gabháil ... le gach oifig chúirte cuarda nó le haon oifig chúirte cuarda’, *that one or more summons servers shall be attached ... to every or any circuit court office* (alt 7(8) d’Acht na gCúirteanna, 1964).
- ⁶³ ‘go ndéanfar aon mhionnscribhinn den sórt a luaitear san alt sin 6 agus a dhéanfar in ndáil le haon fhoraithe den sórt sin a chomhdú san oifig chúirte dúiche a ndéanfar an fhoraithe sin a thairfeadh inti’, *that any such affidavit as is mentioned in the said section 6 made in relation to any such decree shall be filed in the district court office in which such decree is entered* (alt 24 d’Acht na gCúirteanna, 1981).
- ⁶⁴ *public assistance office* (alt 34(5) den Acht Sláinte, 1970).
- ⁶⁵ ‘Más rud é ... go mbeidh clár na gcomhaltaí á choimeád in oifig dhuine éigin seachas an chuideachta’, *Where ... the register of members is kept at the office of some person other than the company* (alt 120 d’Acht na gCuideachtaí, 1963) – cf. ‘Déanfar freisin in Oifig dhuine de na Scrúdaitheoirí (a ainmneoidh an tAire ...) ... an gnó go léir den sórt a bhí á dhéanamh tráth in Oifig Féimheachta Roinn Bhinse an Rí’, *There shall also be transacted in the Office of one of the Examiners (to be nominated by the Minister ...) ... all such business as was formerly transacted in the Bankruptcy Office of the King’s Bench Division* (alt 10(3) san Ochtú Scideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).

‘oifig ghealltóireachta’,⁶⁶ ‘oifig mheisiúnachta’,⁶⁷ ‘oifig mhianaigh nó chairéil’,⁶⁸ ‘oifig mharascail’,⁶⁹ ‘ardoifig phoist’,⁷⁰ ‘oifig pholaitíochta thoghaí’,⁷¹ ‘oifig phríomh-dhochtúra oifigiúil’,⁷² ‘oifig phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin’,⁷³ ‘an oifig sheachadta’⁷⁴ agus ‘oifig thoghcháin’.⁷⁵

-
- ⁶⁶ ‘ciallaíonn “oifig ghealltóireachta” aon áitreabh ag rás-rian con ina gceadaítear gealltóireacht le rialacháin faoi alt 32D den Acht seo’, *‘betting office’ means any premises at a greyhound race track in which betting is permitted by regulations under section 32D of this Act* (alt 2 d’Acht Tionscail na gCon, 1958, arna chur isteach le halt 8(1) den Acht um Rásaíocht Capall agus Con (Táillí agus Tobhaigh Ghealltóireachta), 1999).
- ⁶⁷ ‘marc arna bhualadh go dleathach in oifig mheisiúnachta sa Ríocht Aontaithe’, *a mark lawfully struck in an assay office in the United Kingdom* (alt 2(1)(b) den Acht um Shainmharcáil, 1981).
- ⁶⁸ ‘Beidh de dhualgas ar an duine freagrach clár a choimeád, in oifig mhianaigh nó chairéil’, *It shall be the duty of the responsible person to keep at the office of a mine or quarry ... a register* (alt 111(1) den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965).
- ⁶⁹ ‘An duine ... a bhí ... i seilbh oifig mharascail nó ag gníomhú mar mharascal’, *The person ... who ... held the office of or acted as marshal* (alt 59(2)(g) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).
- ⁷⁰ ‘Comhairfidh an ceann comhairimh na clúdaigh go léir a bheidh dírithe chuig na postvótálaithe agus seachadfaidh sé iad láithreach ar an ardoifig phoist is cóngaraí’, *All envelopes addressed to the postal voters shall be counted and forthwith delivered by the returning officer to the nearest head post office* (alt 3(4) sa Cheathrú Sceideal sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986 – cf. alt 26(4) sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977).
- ⁷¹ ‘iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh chuig oifig pholaitíochta thoghaí nó sealbhóir ar oifig pholaitíochta thoghaí’, *a candidate for election to, or a holder of, elective political office* (alt 1(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 1988, arna leasú le halt 2(a)(iii) den Acht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003).
- ⁷² ‘Bunaítear leis seo oifig phríomh-dhochtúra oifigiúil faoi údarás sláinte a bhunaítear leis an Acht seo agus is é teideal a bheidh ag sealbhóirí na hoifige sin Príomh-Dhochtúir Oifigiúil ...’, *There is hereby established the office of chief medical officer under a health authority established by this Act and the title of holders of that office shall be ... Chief Medical Officer* (alt 19(1) den Acht um Údarás Sláinte, 1960).
- ⁷³ ‘Bunaítear leis seo oifig phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin faoi Údarás Sláinte Bhaile Átha Cliath agus is é teideal a bheidh ag sealbhóirí na hoifige sin Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Údarás Sláinte Bhaile Átha Cliath’, *There is hereby established the office of chief executive officer under the Dublin Health Authority and the title of holders of that office shall be Chief Executive Officer of the Dublin Health Authority* (alt 18(1) den Acht um Údarás Sláinte, 1960).
- ⁷⁴ ‘chuig an oifigeach i gceannas san oifig sheachadta’ (leasú ar rialachán 30(c) de na Rialacháin Teileagraf (Teileagram Scríofa Intíre), 1980, i gCuid II den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht Seirbhísi Poist agus Teileachumarsáide, 1983) – is mar seo a leanas a ghabhann an leasú féin sa Ghaeilge agus sa Bhéarla (ba ghá a raibh sa bhun-Acht Gaeilge a leasú, seachas focail an leasaithe Béarla a aistriú): ‘I rialachán 30(c), in ionad na bhfocal “chuig Postmháistir na hoifige seachadta” cuirfear “chuig an oifigeach i gceannas san oifig sheachadta”’, *In regulation 30(c), for the word “Postmaster” there shall be substituted “officer-in-charge”*.
- ⁷⁵ ‘Beidh ar an gceann comhairimh ... áitreabh a ainmniú mar oifig thoghcháin’, *The returning*

Seirbhís

Áirítear ‘seirbhís comhairleoireachta’ ar eiseamláirí an Chaighdeáin Athbheithnithe. Níl sin ag teacht le hainm an chomhlachta ‘an tSeirbhís Mhéad-reolaíochta Dlí’, mar shampla, a fhaightear in Acht ón mbliain 1998,⁷⁶ ná le ‘seirbhís cheantálaíochta’, a fhaightear in Acht ón mbliain 1989,⁷⁷ ná le ‘seirbhís mhúinteoireachta’, a fhaightear in Acht ón mbliain 1963.⁷⁸ Cosúil leis ‘an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí’ is ainmneacha comhlachtaí poiblí atá in ‘An tSeirbhís Chúirteanna’⁷⁹ agus in ‘An tSeirbhís Phromhaidh’ araon.⁸⁰ Agus, ar ndóigh, tá ‘an tSeirbhís Chabhlaigh’ ann.⁸¹



officer shall be required to ... designate premises as an election office (alt 2(6) de Chuid 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983) – tabhair do d’aire an séimhiú ar ‘dochtúir’ san ainmneach ar lorg ‘oifig’, maille leis an dísheimhiú, in ‘Baineann an t-alt seo le duine atá tar éis scor, de dhroim an Dearbhú Sláinte (Teorainn Aoise d’Oifig Dochtúir Oifigiúil Ceantair), 1960, d’oifig dhochtúir oifigiúil ceantair’, *This section applies to a person who has retired, consequent upon the Health (Age Limit for Office of District Medical Officer) Declaration, 1960, from the office of district medical officer* (alt 31(1) den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963).

- ⁷⁶ ‘an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí a bunaíodh faoi alt 7(1) den Acht Méadreolaíochta, 1996’, *The Legal Metrology Service established under section 7(1) of the Metrology Act, 1996* (alt 49(2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998).
- ⁷⁷ ‘ciallaíonn “seirbhís cheantálaíochta” aon ghnó lena mbaineann Acht 1947, lena n-áirítear gnó gníomhaire tithé’, *“auctioneering service” means any business to which the Act of 1947 relates, including the business of a house agent* (alt 32(6)(a) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989).
- ⁷⁸ ‘ciallaíonn “seirbhís mhúinteoireachta” an méid seirbhíse múinteoireachta arb é a bheadh inti ... seirbhís ináirithe ... chun críocha uile na nAchtanna Aoisliúntas’, *“teaching service” means the amount of teaching service which ... would ... have been reckonable service for all the purposes of the Superannuation Acts* (alt 22(4)(c) den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963).
- ⁷⁹ ‘An tSeirbhís Chúirteanna’, *the Courts Service* (alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003) – cf. ‘an tAcht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998’, *the Courts Service Act, 1998*.
- ⁸⁰ ‘An tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa’, *the Probation and Welfare Service* (alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003).
- ⁸¹ ‘ciallaíonn “long choigríche” long nach long de chuid Sheirbhís Chabhlaigh Óglaigh na hÉireann’, *“foreign ship” means a ship which is not a ship of the Naval Service of the Defence Forces* (alt 1 den Acht um Dhlínse Mhuirí, 1959) – cf. ‘ciallaíonn an abairt “an tSeirbhís Chabhlaigh” an brainse de na Fórsaí Cosanta dá ngairmtear an tSeirbhís Chabhlaigh agus dá ngairmtí an tSeirbhís Mhuirí’, *the expression “the Naval Service” means the branch of the Defence Forces known as the Naval Service and formerly known as the Marine Service* (alt 1(1) den Acht Fórsaí Cosanta (Forála Sealadacha), 1947), agus ‘aon duine a bhí ... ag obair i seirbhís d’aon tsaghas ... fén Rialtas Briotáineach, pe’ca seirbhís chabhlaigh, ... phóilíneachta no shíbhialta í’, *any person ... who ... was employed in the service of ... the British Government in any capacity, whether naval, ... police or civil* (alt 1 den Acht Slánuíochta (Arm na Breataine), 1923).

I gCuid I den staidéar chonaiceamar ‘seirbhís bheartaíthe muiríne’,⁸² ‘an tseirbhís chraolta áirithe’⁸³ agus ‘sa [t]seirbhís chraolta’.⁸⁴ Ar shamplaí eile ina bhfaightear séimhiú ar ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ‘seirbhís’ sna hAchtanna tá na cinn seo a leanas:

‘seirbhís bhóthair’,⁸⁵ ‘seirbhís chogaidh’,⁸⁶
 ‘seirbhís choigríche’,⁸⁷ ‘seirbhís chonsalachta’,⁸⁸
 ‘seirbhís chraolacháin teilifíse’,⁸⁹ ‘seirbhís chúnamh baile’,⁹⁰ ‘an tseirbhís phaisinéara’,⁹¹



- ⁸² *a family planning service* (alt 4(1)(b)(i)(IV) den Acht Sláinte (Beartú Muiríne), 1979, arna ionadú le halt 2 den Acht Sláinte (Beartú Muiríne) (Leasú), 1985).
- ⁸³ ‘an duine a sholáthraíonn an tseirbhís chraolta áirithe’, *the person providing the broadcasting service concerned* (alt 3(2)(a) den Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989).
- ⁸⁴ ‘duine a bhí ... ina oifigeach don Aire ar fostú sa seirbhís chraolta’, *a person who ... was an officer of the Minister employed in the broadcasting service* (alt 12(2)(i) den Acht um Údarás Craolacháin, 1960).
- ⁸⁵ ‘duine a mbíonn seirbhís bhóthair do phaisnéirí ... ar siúl aige’, *a person ... who carries on a passenger road service* (alt 14(a) den Acht Airgeadais, 1958).
- ⁸⁶ ‘polasaí árachais saoil láithreach a shíneadh go dtí fiontair ó chogadh nó ó sheirbhís chogaidh ar an gcoigrích’, *to extend an existing life insurance policy to risks arising from war or war service abroad* (alt 152(4)(b) den Acht Cánach Ioncaim, 1967).
- ⁸⁷ ‘Sa Sceideal seo ciallaíonn ‘seirbhís choigríche’, i ndáil le hoifig nó le fostaíocht, seirbhís de chineál a fhágann ... nach raibh cáin inmhuirearaithe i leith díolaíochtaí na hoifige nó na fostaíochta’, *In this Schedule ‘foreign service,’ in relation to an office or employment, means service such that ... tax was not chargeable in respect of the emoluments of the office or employment* (alt 13 i gCuid II den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1980).
- ⁸⁸ ‘aon duine is saoránach den stát coigríche sin agus atá buanfhostaithe i seirbhís chonsalachta an stáit sin’, *any person who, being a citizen of such foreign state, is permanently employed in the consular service of such state* (alt 342(1) den Acht Cánach Ioncaim, 1967).
- ⁸⁹ ‘ciallaíonn “seirbhís teilifíse in aisce” seirbhís chraolacháin teilifíse nach ngearrann an duine atá ag cur na seirbhíse ar fáil aon mhuirear as an gcéanna a ghlacadh’, *“free television service” means television broadcasting service for the reception of which no charge is made by the person providing the service* (alt 1(1) den Acht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí), 1999) – féach Caibidil 10, mar a dtugtar tuilleadh samplaí den ghinideach cáilithe arna shéimhiú.
- ⁹⁰ ‘Seirbhís chúnamh baile’, *Home help service* (teideal taoibhe alt 61 den Acht Sláinte, 1970) – tabhair do d’aire nach gcuirtear ‘cúnamh’ sa ghinideach i ndiaidh ‘seirbhís’ anseo agus go bhféadfaí a áiteamh gur ainmneach séimhithe in ionad an ghinidigh atá ann.
- ⁹¹ ‘leasanna réasúnacha ... na ndaoine a mheasfaidh sé a úsáidfidh an tseirbhís phaisinéara, nó an tseirbhís phoist nó an tseirbhís lasta eile’, *the reasonable interests of ... the persons whom he considers will use the passenger service, or the mail or other cargo service* (alt 3(3)(a) den Acht Aeriompair, 1986).

‘ródseirbhís phaisinéirí’,⁹² ‘seirbhís phóilíneachta’,⁹³ ‘an tseirbhís phoist’⁹⁴ agus ‘an tseirbhís phríosúin’.⁹⁵

Cuideachta

Téann ‘cuideachta margaióchta’ – eiseamláir an Chaighdeáin Athbhreithnithe – i gcoinne fasach ar nós ‘cuideachta bhainistíochta’⁹⁶ agus ‘cuideachta bhainisteoireachta’,⁹⁷ ‘cuideachta bhaincúireachta’,⁹⁸ ‘cuideachta choimircíochta cháilitheach’,⁹⁹ ‘cuideachta chomhpháirtíochta’,¹⁰⁰ ‘cuideachta shealbháíochta’¹⁰¹ agus ‘cuideachta thaiscéalaíochta’¹⁰² – féach, chomh maith, ‘cuideachta dhéileála’¹⁰³ agus

⁹² ‘Ní dhéanfaidh an Bord ... aon ród-sheirbhís do phaisinéirí a bheidh á hoibriú aige de thuras na huairé a athrú chun dul i gcomórtas le ród-sheirbhís phaisinéirí cheadúnaithe’, *The Board shall not ... alter any passenger road service for the time being operated by it so as to compete with a licensed passenger road service* (alt 25(1) den Acht Iompair, 1958).

⁹³ Féach an fonóta a ghabhann leis ‘an tSeirbhís Chabhlaigh’ thuas.

⁹⁴ Féach an fonóta a ghabhann le ‘ródseirbhís phaisinéirí’ thuas.

⁹⁵ ‘Ní bhaineann an tAcht seo le fostaíocht ... sa tseirbhís phríosúin’, *This Act does not apply to employment ... in the prison service* (alt 12(1) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977).

⁹⁶ ‘agus ar limistéar é atá á bhainistiú ag cuideachta bhainistíochta, an chuideachta bhainistíochta sin’, *and which area is being managed by a management company, that management company* (alt 9H(6)(b)(iii) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna chur isteach le halt 13 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006).

⁹⁷ ‘údarú gnólachta infheistíochta, is cuideachta bhainisteoireachta atá údaraithe chun na seirbhísí ... a ghabháil de láimh, a chúlghairm’, *revoke the authorisation of an investment firm that ... is a management company authorised to undertake the services* (alt 28(9A) den Acht um Chúiteamh d’Infheisteoirí, 1998, arna chur isteach le halt 22(v) den Acht um Margáí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2007).

⁹⁸ ‘banc no cuideachta bhancaerachta éigin’, *some bank or banking company* (alt 9 den Acht Rialtais Áitiúla (Gaillimh), 1937).

⁹⁹ ‘Is cuideachta choimircíochta cháilitheach cuideachta má tá sí corpraithe sa Stát’, *A company is a qualifying sponsoring company if it is incorporated in the State* (alt 22(1) den Acht Airgeadais, 1986).

¹⁰⁰ ‘an chuideachta chomhpháirtíochta’, *the “partner company”* (alt 46(1)(b) den Acht Airgeadais, 1986).

¹⁰¹ ‘an Chuideachta Shealbháíochta’, *the Holding Company* (alt 1 den Acht Siúcra, 1991) – cf. ‘ciallaíonn “cuideachta shealbháíochta” cuideachta shealbháíochta (de réir bhrí alt 155 d’Acht na gCuideachtaí, 1963)’, *“holding company” means a holding company (within the meaning of section 155 of the Companies Act 1963)* (alt 2(1) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010), agus ‘measfar cuideachta a bheith ina cuideachta shealbháíochta ag cuideachta eile i gcás ... an chuideachta eile sin a bheith ina fochuideachta di’, *a company shall be deemed to be another’s holding company if ... that other is its subsidiary* (alt 155(4) d’Acht na gCuideachtaí, 1963; cf. alt 107 d’Acht na gCuideachtaí, 1990, agus alt 18(2)(b) den Acht um Iontaobhais Aonad, 1972).

¹⁰² *exploration company* (alt 7A(1) den Acht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974, arna chur isteach le halt 39 den Acht Airgeadais, 1990).

¹⁰³ ‘is “cuideachta dhéileála” cuideachta i ndáil le sealbhán dá gcuirfí brabús as díol an

‘cuideachta thrádála’,¹⁰⁴ mar aon le ‘cuideachta chanála’,¹⁰⁵ ‘an chuideachta ghéillte’¹⁰⁶ agus ‘cuideachta sheirbhíse’,¹⁰⁷ ‘cuideachta chomhstoic’¹⁰⁸ agus ‘cuideachta cháin-fhaoisimh’,¹⁰⁹ ‘cuideachta fhóntais phoiblí’¹¹⁰ agus ‘cuideachta chaipitil fontair’,¹¹¹ ‘cuideachta bhóthair iarainn’¹¹² agus ‘cuideachta chuain’.¹¹³ Agus is amhlaidh go

tsealbháin i gcuntas le linn brabúis trádála na cuideachta a bheith á ríomh’, *a company is “a dealing company” in relation to a holding if a profit on the sale of the holding would be taken into account in computing the company’s trading profits* (alt 139(4) den Acht Cánach Corparáide, 1976).

¹⁰⁴ *trading ... company* (alt 410(1)(a) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú le halt 78(1)(a)(i) den Acht Airgeadais, 1999).

¹⁰⁵ ‘Ní chuirfidh aon ní san alt seo faoi deara go nglacfar leis na Coimisinéirí mar ghnóthóir canála ná mar chuideachta chanála chun críocha an achtacháin seo’, *Nothing in this section shall cause the Commissioners to be regarded as a canal undertaker or a canal company for the purposes of this ... enactment* (alt 5(8) d’Acht Uiscebhealach na Sionainne, 1990).

¹⁰⁶ ‘i gcás gur cuideachtaí dá dtagraítear i mír (d) ... an chuideachta ghéillte agus an chuideachta éilimh’, *where the surrendering company and the claimant company are companies referred to in paragraph (d)* (alt 403(4)(a)(ii)(II) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna ionadú le halt 68(1)(b)(iii) den Acht Airgeadais, 2006) – tabhair do d’aire go n-aistrítear *surrendering company* mar ‘cuideachta ghéillteach’ in alt 448(3)(b)(iii) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 53(1)(b) den Acht Airgeadais, 2005: ‘méid aon bharrachais muirear ar ioncam a íocadh chun críche earraí a dhíol ... a bheidh tabhaithe ag cuideachta ghéillteach’, *the amount of any excess of charges on income paid for the purpose of the sale of goods ... incurred by a surrendering company*.

¹⁰⁷ ‘soláthar seirbhísí a mbeadh de thoradh air go ndéileálfaí le dlúthchuideachta a sholáthraíonn na seirbhísí sin mar chuideachta sheirbhíse ... mura mbeadh aon fhoinsé eile ioncaim ag an dlúthchuideachta sin’, *the provision of services, which would result in a close company ... that provides those services being treated as a service company ... if that close company had no other source of income* (alt 488(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna ionadú le halt 33(1)(a) den Acht Airgeadais, 2011) – cf. ‘ciallaíonn “cuideachta sheirbhíse” ... dlúthchuideachta arb é a gnó ... bheith ag soláthar seirbhísí gairmiúla’, *“service company” means ... a close company whose business consists of ... the provision of professional services* (alt 162(1) den Acht Cánach Corparáide, 1976).

¹⁰⁸ ‘Cuideachta chomhstoic’, *A joint stock company* (alt 18(1) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983).

¹⁰⁹ ‘ciallaíonn ‘cuideachta cháin-fhaoisimh’ cuideachta a d’éiligh agus atá i dteideal faoiseamh ó cháin’, *“tax-relieved company” means a company which has claimed and is entitled to relief from tax* (alt 54(1) den Acht Airgeadais, 1974, arna ionadú le halt 8 den Acht Airgeadais, 1977).

¹¹⁰ ‘ciallaíonn “cuideachta fhóntais phoiblí” cuideachta a sheolann gnóthas trambhealaigh, duga nó canála sa Stát’, *“public utility company” means a company which carries on in the State any tramway, dock or canal undertaking* (alt 79(4) den Acht Cánach Corparáide, 1976).

¹¹¹ ‘ciallaíonn “cuideachta chaipitil fontair” cuideachta atá forordaithe ag an Aire arb é a gnáthghnó go príomha infheistíochtaí scaire a dhéanamh’, *“venture capital company” means a company prescribed by the Minister the principal ordinary business of which is the making of share investments* (alt 150(5) d’Acht na gCuideachtaí, 1990).

¹¹² ‘aon údarás áitiúil no cuideachta bhóthair iarainn’, *any local authority, railway company* (alt 60(4) d’Acht Chuan na Gaillimhe, 1935).

¹¹³ *a harbour company* (alt 2(1) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007); is é is dóichí nach

bhfaightear séimhiú ar lorg ‘cuideachta’ i dteideal cuideachtaí ar nós ‘an Chuideachta Bhaincéireachta Tráchtála’,¹¹⁴ ‘Cuideachta Mhianadóireachta an Iarthair’,¹¹⁵ ‘Cuideachta Mhuilneoireachta Chorcaighe’,¹¹⁶ ‘Cuideachta Sholáthair Leictreachais Chorcaighe’,¹¹⁷ ‘Cuideachta Mharguithe Prátaí na hÉireann’,¹¹⁸ ‘an Chuideachta Chairde Thionscail’¹¹⁹ agus ‘Cuideachta Gháis Bhaile Átha Cliath’.¹²⁰

Scéim

I dtaca leis na heiseamláirí den riail nua a thugtar sa Chaighdeán Athbhreithnithe, is ar éigean go bhféadfaí a mhaíomh gur ‘teideal aonaid riaracháin nó ghnó’ atá in ‘scéim teanga’ abair, ar eiseamláir í a thugtar sa Chaighdeán Athbhreithnithe, i dteannta ‘scéim pinsean’ agus ‘scéim séarachais’. Is amhlaidh go bhfaighimid ‘scéim shéarachais’ in Acht ón mbliain 1959¹²¹ (bliain tar éis an Caighdeán Oifigiúil a fhoilsiú), cé go raibh ‘scéim séarachais’ le fáil in Acht ón mbliain 1952.¹²² Is cinnte go bhfaightear samplaí de ‘scéim pinsean’ sna hAchtanna (ón mbliain 1947 i leith) ach is minic go mbíonn ‘pinsean’ cáilithe i ndiaidh ‘scéim’ – leithéidí ‘scéim pinsean ranníocach’, ‘scéim pinsean ceirde’, ‘scéim pinsean gairme’ agus

n-áireofaí ‘cuideachta choigríche’ ná ‘cuideachta chomharbais’ le leithéid ‘cuideachta mhargaíochta’ – m.sh. ‘ciallaíonn ‘cuideachta choigríche’ cuideachta a chónaíonn lasmuigh den Stát’, *‘foreign company’ means a company resident outside the State* (mír 9F(1)(a) i Sceideal 24 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 63(c) den Acht Airgeadais, 2006), agus ‘líon na scaireanna sa chuideachta chomharbais a bhfuil ceart ag an gcomhalta iad a fháil’, *the number of shares in the successor company which the member has a right to acquire* (alt 588(7)(c) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 76 den Acht Airgeadais, 2006).

¹¹⁴ *the Commercial Banking Company* (alt 344(4) den Acht Cánach Ioncaim, 1967).

¹¹⁵ *The Western Mining Company* (alt 1 i dTábla B sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí, 1963).

¹¹⁶ *the Cork Milling Company Limited* (alt 3 d’Acht Bóthair Iarainn Chuideachta Mhuilneoireachta Chorcaighe, 1935).

¹¹⁷ *the Cork Electric Supply Company* (alt 2 d’Acht Trambhealach Chorcaighe (Cúiteamh d’Fhostaithe), 1933).

¹¹⁸ *Irish Potato Marketing Co.* (uimh. thag. 6 sa Sceideal a ghabhann le hAcht Ráthaíocht Stáit, 1954).

¹¹⁹ ‘maidir leis an gCuideachta Chairde Thionscail, Teoranta’, *in relation to ... the Industrial Credit Company, Limited* (alt 7(4) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971).

¹²⁰ *the Dublin Gas Company* (alt 1 den Acht Gáis (Leasú), 1987) – cf. ‘Cuideachta Gháis an Chóibh’, *Cobh Gas Company* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialú Gáis, 1957).

¹²¹ ‘i gcás ceadúnas atá le deonú d’údarás sláintíochta i leith scéim shéarachais’, *in the case of a licence to be granted to a sanitary authority in relation to a sewerage scheme* (alt 171(3) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).

¹²² ‘más rud é ... go bhfuil an teach cónaithe i límistéir nach bhfuil ... aon tsoláthar poiblí uisce píopaí ná aon scéim séarachais ar fáil ... ann’, *if ... the dwelling-house is situate in an area where ... no public piped water supply or sewerage scheme has been provided* (alt 7(1) d’Acht na dTithe (Leasú), 1952).

‘scéim pinsean seanaoise’ – nó go mbíonn an t-aonad féin cáilithe (mar atá in ‘Scéim Pinsean Thithe an Oireachtais’, mar shampla), agus go bhféadfadh sé go raibh tionchar aige sin ar an dÍshéimhiú in ‘scéim pinsean’. Is amhlaidh, chomh maith, gur ‘scéim pinsean’ a fhaightear sa chéad tagairt a dhéantar don téarma sin sna hAchtanna (san Acht um Pinsin do Bhaintreacha agus do Dhílleachtaithe, 1935),¹²³ mar aistriúchán ar *scheme of pensions*, agus go bhfaighimid ‘scéim pinsean’ mar aistriúchán ar *pension scheme* in Acht ón mbliain 1981.¹²⁴

Is ‘scéim forbartha’ atá ar *development scheme* de réir an Ordaithe Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 1), 1947,¹²⁵ agus bhí an-tionchar ag na *Téarmaí Dlí* (an bailiúchán de na téarmaí atá sna deich nOrdú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge) ar an téarmaíocht sna hAchtanna, agus d’fhéadfadh go raibh tionchar ag an easpa séimhithe sin ar an ‘f’ tosaigh sin¹²⁶ ar théarmaí eile a bhfuil ‘scéim’ mar chuid díobh.¹²⁷ Mar sin féin, faightear go leor samplaí in Achtanna an Oireachtais den séimhiú ar ainmfhocal éiginnte ar lorg ‘scéim’. Ar shamplaí a chonaiceamar i gCuid I den staidéar d’ainmneacha briathartha ar lorg ‘scéim’ tá ‘scéim chónasctha’¹²⁸ agus ‘scéim chaomhnaithe cósta’.¹²⁹ Is féidir linn ‘scéim chláráithe seirbhísí cónaithe’, a fhaightear i dteideal fada Achta ón mbliain 2008, a chur leosan anseo.¹³⁰ Ar

¹²³ ‘cialluíonn an abairt “tír cheaptha” tír ... ina mbeidh socrú déanta ... chun aon scéim pinsean do bhunú inti ... a dheimhneoidh an tAire do bheith go substainteach ar aon dul leis an scéim pinsean a bunúitear leis an Acht so’, *the expression “appointed country” means a country ... in which provision is made ... for the establishment therein of any scheme of pensions ... which is certified by the Minister to correspond substantially to the scheme of pensions established by this Act* (alt 2(1) den Acht thuasluaite).

¹²⁴ ‘I gcás duine ... a bheith ina chomhalta den chiste pinsean faoin scéim pinsean a bunaíodh de dhroim na tuarascála a tugadh’, *Where a person ... was a member of the pension fund under the pension scheme established consequent on the report made* (alt 313(3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

¹²⁵ Rialacha agus Orduithe Reachtúla, 1947, Uimh. 249.

¹²⁶ Pléifear dÍshéimhiú focal dar tús ‘f’ i gCaibidil 15 thíos.

¹²⁷ Tabhair do d’aire go bhfuil ‘scéim’ frinscneach i bhFoclóir an Duinnínigh; is mar ‘Scéim Theagaisc i nGárnoireacht agus i mBainisteoireacht Beach’ a d’aistrigh Rannóg an Aistriúcháin *Scheme of Instruction in Horticulture and the Management of Bees* don Roinn Tailte agus Talmhaíochta sna 1920aí ach, uair éigin roimh dheireadh na bhfichidí, thug siad an t-aistriúchán ‘Scéim Teagaisc i nGarradóireacht agus i mBainistí Beach’ don Roinn chéanna, de réir an *Oireachtas Dictionary of Official Terms*, foclóir clóscríofa a cuireadh i dtoll a chéile sa bhliain 1929, nó go gairid ina dhiaidh sin, agus a bhí ina threoirleabhar ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin i Rannóg an Aistriúcháin ach go háirithe.

¹²⁸ ‘faoi scéim athchóiriúcháin nó chónasctha den chineál dá dtagraítear sa mhír sin 5’, *under such a scheme of reconstruction or amalgamation as is referred to in the said paragraph 5* (alt 63(1)(b) den Acht Airgeadais, 1982).

¹²⁹ ‘Scéim chaomhnaithe cósta a ullmhú’, *Preparation of coast protection scheme* (teideal taoibhe alt 6 den Acht um Chaomhnú an Chósta, 1963).

¹³⁰ ‘Acht ... do dhéanamh socrú maidir le scéim chláráithe agus iniúchta seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta’, *An Act ... to provide for a scheme of registration and inspection of*

shamplaí d'ainmfhocail éiginnte faoi shéimhiú ar lorg 'scéim' a fhaightear sna hAchtanna tá na cinn seo a leanas:

'scéim bhrabúsroinnte',¹³¹ 'scéim bhreosla',¹³² 'scéim cheannaigh',¹³³
'scéim choigiltis chonarhach dheimhnihte',¹³⁴ scéim chomhinfeistíochta',¹³⁵
'scéim chomhshó',¹³⁶ agus 'scéim chomhshó fála',¹³⁷

residential services for older people (teideal fada an Achta Sláinte, 2007).

- ¹³¹ 'i ndáil le haistriú urrús chuig scéim bhrabúsroinnte arna ceadú faoi Chuid 2', *the transfer of securities to a profit sharing scheme approved under Part 2* (alt 519(9)(c) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna ionadú le halt 69(1)(b)(ii) den Acht Airgeadais, 1999) – féach an díshéimhiú, áfach, in 'Maidir le scéim brabús-roinnte a cheadófar ar dháta rite an Achta Airgeadais, 1998', *As respects a profit sharing scheme approved on ... the date of the passing of the Finance Act, 1998* (mír 4(1A)(a) i Sceideal 11 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna cur isteach le halt 36(1)(c) den Acht Airgeadais, 1998).
- ¹³² 'Scéim bhreosla', *fuel scheme* (ceannteideal Chaibidil 4 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981) – cf. 'ciallaíonn "scéim bhreosla shaoir" scéim arna ceadú ag an Aire chun breosla a sholáthar d'aicmí sonraithe daoine', "*cheap fuel scheme*" means a scheme approved of by the Minister for the provision of fuel for specified categories of persons (alt 289(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981), agus tabhair do d'aire go bhfuil an ginideach cáilithe sin díshéimhihte in 'ciallaíonn "scéim breosla shaoir" scéim arna ceadú ag an Aire chun breosla a sholáthar d'aicmí sonraithe daoine' (alt 4(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Forála Ilghnéitheacha), 1957).
- ¹³³ 'Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní a chumasaíonn d'údarás tithíochta scéim cheannaigh a dhéanamh maidir le haon iostán acu seo a leanas', *Nothing in this Chapter shall be construed as enabling a housing authority to make a purchase scheme in relation to any of the following* (alt 105 d'Acht na dTithe, 1966).
- ¹³⁴ 'ciallaíonn "scéim choigiltis chonarhach dheimhnihte" scéim ... lena ndéantar foráil maidir le pearsana aonair do dhéanamh ranníocaí tréimhsiúla ar feadh tréimhse sonraithe le foras coigiltis cáilitheach', *'certified contractual savings scheme' means a scheme ... which provides for periodical contributions to be made by individuals for a specified period to a qualifying savings institution* (alt 519C(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 68(a) den Acht Airgeadais, 1999).
- ¹³⁵ 'i ndáil leis an mbainisteoir nó leis an iontaobhaí faoi scéim iontaobhais aonad nó scéim chomhinfeistíochta', *in relation to ... the manager or trustee under a unit trust or collective investment scheme* (alt 7(4)(a)(iii) d' Acht an Bhainc Ceannais, 1971, arna ionadú le halt 30 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989).
- ¹³⁶ 'ciallaíonn "scéim chomhshó" scéim arna tarraingt suas ag bord stiúthóirí cumainn chun an cumann a chomhshó ina chuideachta', *'conversion scheme' means a scheme drawn up by the board of directors of a society for the conversion of the society into a company* (alt 100 den Acht Cumann Foirgníochta, 1989, arna ionadú le halt 20 den Acht Cumann Foirgníochta (Leasú), 2006).
- ¹³⁷ 'ciallaíonn "scéim chomhshó fála" scéim chomhshó a bhfuil sé sainráite gurb ann di chun fáil a chur i ngníomh', *'acquisition conversion scheme' means a conversion scheme which is expressed to be for the purpose of implementing an acquisition* (alt 101C(1) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989, arna ionadú le halt 22 den Acht Cumann Foirgníochta (Leasú), 2006) – tabhair do d'aire go dtugtar 'comhshóite' mar fhoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha 'comhshó' i bhFoclóir Uí Dhónaill. Mar shampla den ghinideach séimhithe den ainm briathartha lena ngabhann cuspóir, agus an t-ainm briathartha sin

‘scéim chomhshocraíochta’,¹³⁸ ‘Scéim Chothabhála Fostaíochta’,¹³⁹
‘scéim chúitimh’,¹⁴⁰ ‘scéim chúinimh’,¹⁴¹ ‘Scéim Ghreasachta
Fostaíochta’,¹⁴² ‘scéim phleanála’,¹⁴³ ‘scéim phrintísteachta’,¹⁴⁴
‘scéim shiltin talún’,¹⁴⁵

faoi réir ag ‘scéim’, féach ‘scéim shocraithe íocaíochta’, *scheme of composition (between debtors and creditors)*, i bhFoclóir de Bhaldráithe, s.v. *scheme*.

- ¹³⁸ ‘Tiocfaidh comhréiteach nó scéim chomhshocraíochta ... i bhfeidhm ó dháta a bheidh socraithe ag an gcúirt’, *A compromise or scheme of arrangement ... shall come into effect from a date fixed by the court* (alt 24(9) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990).
- ¹³⁹ ‘is íocaíocht a tugadh ... faoi Scéim Chothabhála Fostaíochta an Aire Saothair’, *being a payment made under ... the Employment Maintenance Scheme of the Minister for Labour* (alt 25(2) den Acht Airgeadais, 1976, arna ionadú le halt 27 den Acht Airgeadais, 1979).
- ¹⁴⁰ ‘Ballraíocht de scéim chúitimh ag gnólacht infheistíochta atá údaraithe i mBallstát eile’, *Membership of compensation scheme by investment firm authorised in another Member State* (teideal taoibhe alt 40 den Acht um Chúiteamh d’Infheisteoirí, 1998) – faightear samplaí de ‘scéim chúitimh’ in Achtanna ó na blianta 1934, 1946 agus 1949, chomh maith.
- ¹⁴¹ ‘go rabhthas ... i dteideal deontas-i-gcabbhair a fháil, chun an long a cheannach, faoi scéim chúinimh reachtúil chun longa a cheannach atá á riar ag Roinn na Mara’, *that ... the purchase of the ship was ... eligible to be grant-aided under a statutory scheme of assistance for the purchase of ships administered by the Department of the Marine* (alt 12(1)(c) den Acht Airgeadais, 1984, arna ionadú le halt 9 den Acht Airgeadais, 1989).
- ¹⁴² ‘is íocaíocht a tugadh ... faoi Scéim Ghreasachta Fostaíochta an Aire Saothair, *being a payment made under ... the Employment Incentive Scheme of the Minister for Labour* (alt 25(2) den Acht Airgeadais, 1976, arna ionadú le halt 27 den Acht Airgeadais, 1979).
- ¹⁴³ ‘Déanfaidh an tÚdarás ... scéim phleanála a ullmhú do Limistéar Duganna Theach an Chustaim’, *The Authority shall ... prepare a planning scheme for the Custom House Docks Area* (alt 12(1)(a) den Acht um Athnuachan Uirbeach, 1986) – tabhair do d’aire go bhfaightear ‘scéim phleanála’ in Achtanna ó na blianta 1934 (os cionn céad tagairt san Acht um Bailte agus Líomataístí do Shíneadh Amach, 1934), 1939, 1940 agus 1963, chomh maith.
- ¹⁴⁴ ‘scéim phrintísteachta le crúdóireacht capall a bhunú’, *to establish ... a scheme of apprenticeship in farriery* (alt 7(1)(k) den Acht um Thionscal na gCapall, 1970) – féach an leagan díshéimhithe den téarma sin in ‘gur duine é is sealbhóir ar dheimhniú arna eisiúint ... ag an mBord Printísteachta Feirme á dheimhniú gur chríochnaigh sé go sásúil an cúrsa faoin Scéim Printísteachta d’Fheirmeoirí de chuid an Bhoird’, *that he is the holder of a certificate issued by ... the Farm Apprenticeship Board certifying that he has satisfactorily completed the course under the Farmer Apprenticeship Scheme of the Board* (alt 93(4)(b) (i) den Acht Airgeadais, 1982).
- ¹⁴⁵ ‘Má bheartaíonn na Coimisinéirí ... aon scéim shiltin talún eile a ghabháil de láimh’, *Where the Commissioners propose to undertake ... any other land drainage scheme* (alt 43(1) den Acht um Fhiadhúlra, 1976) – tabhair do d’aire gur ‘scéim siltin’ a fhaightear san Acht Siltin Airtéirigh, 1945 (m.sh. ‘Aon uair is dóigh leis na Coimisinéirí é bheith fóirstineach oibreacha siltin airtéirigh do dhéanamh ... chun an tuiliú tréimhsiúil ar thailte ... do chos ... is dleathach do na Coimisinéirí scéim (dá ngairmtear scéim siltin san Acht so) d’ullmhú chun na hoibreacha san do dhéanamh’, *Whenever the Commissioners are of opinion that the execution of arterial drainage works is expedient ... for the purpose of preventing ... the periodical flooding of lands ..., it shall be lawful for the Commissioners to prepare a scheme (in this Act referred to as a drainage scheme) for the execution of such works* [alt 4(1)]).

‘scéim shochar scoir’¹⁴⁶ agus ‘scéim shochair shainithe’¹⁴⁷ agus ‘buanscéim shochair shláinte’,¹⁴⁸ ‘scéim thrádála’¹⁴⁹ agus ‘scéim thráthchoigiltis’.¹⁵⁰

Is amhlaidh go bhfaighimid roinnt samplaí dísheimhithe de na téarmaí sin thuas, chomh maith, sna hAchtanna – féach ‘Scéim Cúitimh na Banc-Chorparáide Angla-Éireannaí’ in Acht ón mbliain 2009¹⁵¹ agus ‘Scéim Greasachta Post Páirtaimseartha’

¹⁴⁶ ‘I gcás athrú a bheith déanta ar scéim shochar scoir tráth ar bith i ndiaidh an 23ú lá d’Aibreán, 1958’, *Where an alteration has been made in a retirement benefits scheme at any time after the 23rd day of April, 1958* (alt 226(3) den Acht Cánach Ioncaim, 1967) – féach an leagan dísheimhithe in ‘Ní cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim scéim sochar scoir ... mura dealraitheach dóibh go ndéanann an scéim foráil maidir le haon phearsa aonair atá i dteideal pinsin faoin scéim’, *The Revenue Commissioners shall not approve a retirement benefits scheme ... unless it appears to them that the scheme provides for any individual entitled to a pension under the scheme* (alt 772(3A)(a) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 19(1)(a)(ii) den Acht Airgeadais, 1999).

¹⁴⁷ ‘Sochar caomhnaithe – scéim shochair shainithe’, *Preserved benefit – defined benefit scheme* (teideal taoibhe alt 29 d’Acht na bPinsean, 1990) – féach an leagan dísheimhithe in ‘ciallaíonn “scéim pinsean cháilithe” scéim shochair shainithe de réir bhrí an Phríomh-Achta ... a bhfuil tús curtha lena foirceannadh’, *“eligible pension scheme” means a defined benefit scheme within the meaning of the Principal Act ... the winding up of which has commenced* (alt 22(17) den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009).

¹⁴⁸ ‘ciallaíonn “sochar” íocaíocht a thugtar do dhuine i gcás ioncam a bheith cailte ..., de dheasca droch-shláinte, faoi bhuanscéim shochair shláinte’, *“benefit” means a payment made to a person in the event of loss ... of income, in consequence of ill-health, under a permanent health benefit scheme* (alt 8(1) den Acht Airgeadais, 1979) – féach, áfach, an leagan dísheimhithe in ‘Aon pholasáí buanárachais sláinte ... is buanscéim shochair sláinte de réir bhrí an ailt seo a bheidh ann’, *A policy of permanent health insurance ... shall be a permanent health benefit scheme within the meaning of this section* (alt 8(6)(a) den Acht Airgeadais, 1979, arna chur isteach le halt 7 den Acht Airgeadais, 1986), agus féach, chomh maith, ‘scéim shochair’ agus ‘scéim shochair ceirde’ faoi seach in ‘Ní dhéanfar aon ní sna forálacha eile ... a fhorléiriú mar ní a chuireann de chosc ar scéim shochair a chur ar fáil ... de réir scála is airde’, *Nothing in the other provisions ... shall be construed as precluding a scheme from providing benefits ... on a higher scale*, agus in ‘ciallaíonn “scéim shochair ceirde” aon scéim ... atá ar áireamh in ionstraim nó comhaontú amháin nó níos mó agus a chuireann sochair cheirde ar fáil ... do dhaoine atá ... féinfhostaithe’, *“occupational benefit scheme” means any scheme ... which is comprised in one or more instruments or agreements and which provides ... occupational benefits to ... self-employed persons* (alt 39 agus alt 65, faoi seach, d’Acht na bPinsean, 1990) – tabhair do d’aire go bhfaightear ‘scéim shochair’ in alt 62(1)(b) den Acht um Chúiteamh do Lucht Oibre, 1934.

¹⁴⁹ ‘ciallaíonn “scéim” aon scéim thrádála ina bhfuil na heilimintí seo a leanas’, *“scheme” means any trading scheme which includes the following elements* (alt 1(1) den Acht Stuaic-Dhíola, 1980).

¹⁵⁰ ‘ciallaíonn “scéim thráthchoigiltis” scéim choigiltis ... atá arna bunú agus á riaradh ag an Aire’, *“instalment savings scheme” means a scheme of saving that ... is established and administered by the Minister* (alt 53(1) den Acht Airgeadais, 1970).

¹⁵¹ *the “Anglo Irish Bank Corporation Compensation Scheme”* (alt 28 den Acht um an mBanc-Chorparáid Angla-Éireannach, 2009) – faightear ‘Scéim Cúitimh’, *Compensation Scheme*, mar theideal taoibhe an ailt sin; le sampla dísheimhithe a thabhairt as Foclóir de Bhaldraithe, s.v. *scheme*, as ar tugadh sampla séimhithe i bhfonóta 137, féach ‘scéim

in Acht ón mbliain 2008,¹⁵² maille le ‘scéim comhinfheistíochta’ in Acht ón mbliain 2007¹⁵³ agus ‘scéim pleanála’ agus ‘dréacht-scéim pleanála’ araon in Acht ón mbliain 2000.¹⁵⁴ Agus, mar a fheictear sna fonótaí a ghabhann lena gcomhbhádóirí séimhithe thuas, faightear corrrshampla sna hAchtanna de ‘scéim brabúsroinnte’, ‘scéim printíseachta’, ‘scéim sochar scoir’, ‘scéim sochair shainithe’, ‘buanscéim sochair sláinte’ agus ‘scéim siltin’, chomh maith. Mar sin féin, i dtaca leis na téarmaí eile sa liosta sin thuas gona séimhiú ar lorg ‘scéim’, dealraíonn sé nach bhfaightear aon sampla de ‘scéim caomhnaithe’, ‘scéim ceannaigh’, ‘scéim cláraithe’, ‘scéim coigiltis’, ‘scéim comhshó’, ‘scéim comhshocraíochta’, ‘scéim cónasctha’, ‘scéim cothabhála’, ‘scéim cúnaimh’, ‘scéim deimhnithe’ ná ‘scéim trádála’ sna hAchtanna go tráth foilsithe an Chaighdeáin Athbheithnithe, ar aon nós.

Le haghaidh

Agus an easpa séimhithe ar lorg ‘Roinn’ i dteideal Ranna Stáit á cosaint thagraítí, le linn dom bheith ag obair i Rannóg an Aistriúcháin, don rialail sin in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* nach gcuirtear séimhiú i bhfeidhm má tá an tuiscint gur ‘le haghaidh’ atá i gceist sa ghinideach,¹⁵⁵ is é sin, gur ‘Roinn’ le haghaidh na cosanta a bhí in ‘An Roinn Cosanta’. Tá sé intuigthe go leathfadh sin go téarmaí eile ina raibh ‘roinn’, etc., ach nár theidil oifigiúla iad. Athrú an-mhór atá i rialail an Chaighdeáin Athbheithnithe, áfach, gur toisc gur ‘teideal aonaid riaracháin nó gnó atá i gceist’ a fhágtar an séimhiú ar lár.¹⁵⁶

dathanna’ ar *colour scheme*.

¹⁵² ‘tréimhse páirteachais i scéim arna riaradh ag an Aire agus ar a dtugtar an Scéim Greasachta Post Páirtaimseartha’, *participation in a scheme administered by the Minister and known as the Part-Time Job Incentive Scheme* (alt 62(8)(a)(vii) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna ionadú le halt 17 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008) – tabhair do d’aire gur ainmfhocal cáilithe atá san ainmfhocal atá faoi réir ag ‘scéim’ sa teideal sin (féach Caibidil 10 thíos).

¹⁵³ ‘aon ghnó arb é atá ann ná scéim comhinfheistíochta ... a oibriú’, *any business which consists in operating ... a collective investment scheme* (alt 75(1)(e) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, arna ionadú le halt 109(1) den Acht Airgeadais, 2007).

¹⁵⁴ ‘Beidh faisnéis i ndr éacht-scéim pleanála freisin maidir le haon tionchair shuntasacha is dócha a bheadh ag an scéim pleanála, dá gcuirfí i ngníomh é, ar an gcomhshaol’, *A draft planning scheme shall also contain information on any likely significant impacts on the environment of implementing the planning scheme* (alt 168(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000) – faightear ‘scéim pleanála’ in alt 49(2) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1939, chomh maith.

¹⁵⁵ Féach alt 56, eisceacht 10 (i mbun lch 29), in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960): ‘Ní gnách séimhiú ... má chuireann an ginideach in iúl cé leis nó cé lena aghaidh duine nó rud:– *clann feirmeora; máthair clainne; bróg mná; culaith fir; scoil cailíní*.’ Is mar seo a leanas a ghabhann an rialail i leagan 1999 den Ghraiméar sin: ‘... má chuireann ginideach pearsanta in iúl cé leis nó cé lena aghaidh duine nó rud: *clann feirmeora; bróg mná; culaith fir*’. Féach Foscríbhinn 2 agus 3 leis an staidéar.

¹⁵⁶ Athrú an-mhór, chomh maith, atá i rialail an Chaighdeáin Athbheithnithe go mbíonn séimhiú ar an ainmfhocal má bhíonn an bhrí ‘le haghaidh’ i gceist, mar a fheicimid ar

Chonaiceamar níos luaithe sa chaibidil seo an tslí gur tagraíodh do ‘le haghaidh’ sa chomhthéacs seo sna ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’. Áirítear ‘le haghaidh’ roimhe sin sna moltaí sin, chomh maith, áit a ndeirtear nach séimhítear an dara hainmfhocal ‘Nuair atá an chéad ainmfhocal ina thréith, ina pháirt de, le haghaidh nó faoi úinéireacht an dara ceann’.¹⁵⁷ Chuir an Coiste Téarmaíochta an t-ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol san áireamh, chomh maith, i gcás ina mbíonn ‘le haghaidh’ i gceist:

Nuair a leanann ainmfhocal nó ainm briathartha éiginnte ainmfhocal iolra dar críoch consan caol, moltar an dara hainmfhocal a shéimhiú ... ach amháin nuair atá an chéad ainmfhocal ina thréith, ina pháirt de, le haghaidh nó faoi úinéireacht an dara ceann:

ábhair múinteoirí, baill comhairle, comhaid bainisteora, imill bóithre, sliogáin páiste, tuarastail múinteoirí.

Agus is faoin gceannteideal ‘cé leis nó cé lena aghaidh rud/duine’ a áiríonn Micheál Ó Murchú macasamhla na n-eiseamláirí sin i ngrúpa eiseamláirí a thugann seisean i dtaca leis an díchéimhiú san alt sin leis ar tagraíodh dó roimhe seo thuas, ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’. Arís leathnaíonn seisean an grúpa amach chun ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach dar críoch consan caol, sa ghinideach uatha nó san ainmneach iolra, a chur san áireamh agus cuireann sé leithéidí ‘buidéil bainne’, ‘cláir cailce’, ‘cupáin caife’ agus ‘fir dóiteáin’ san áireamh, agus cuireann in iúl gur buidéil, cláir, cupáin agus fir ‘le haghaidh’ bainne, cailce, caife agus dóiteáin, faoi seach, atá i gceist iontusan, agus gurb é atá in ‘fir sneachta’, mar shampla, ná fir ‘le sneachta a ghlanadh de shráideanna, srl.’¹⁵⁸

Díchéimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra

Is é díchéimhiú an ainmfhocail éiginnte ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol is cás linn sa chuid seo den staidéar ach go háirithe agus

ball thíos – ar na samplaí a thugtar sa Chaighdeán Athbhreithnithe tá ‘gloine bheorach (= gloine le haghaidh beorach)’ (*An Caighdeán Athbhreithnithe*, lch. 200).

¹⁵⁷ Féach Foscríbhinn 4 thíos.

¹⁵⁸ Micheál Ó Murchú, *op. cit.*, lch 160; ní ghabhann aon fhoinsé le haon cheann de na heiseamláirí sin, áfach – tugtar saothar le Seán Bán Mac Meanman arna athfhoilsiú in *An Tríú Mám* (eag., Séamas Ó Cnámhí, BÁC 1992) mar fhoinsé do ‘crotai gh mara’ (a thugtar faoin gceannteideal sin ‘cé leis nó cé lena aghaidh rud/duine’) – tabhair do d’aire go bhfaightear ‘crotai gh mara’ sa dán ‘Nóra Chríonna’ le hAodh Mac Domhnaill ón 19ú haois, chomh maith: ‘Ó sin síos go hInis Eoghain, / A chois na bóchan liom go faobhrach, / Mar a raibh mé seacht lá fhada ar seoid, / Gan tigh, gan chró, gan bhróig, gan bhríste, / Amhail loing ar briseadh a seol, / ’S gan duine beo do sheolfadh an tslí domh, / Ach crotai gh mara agus róin, / Fionnógaí fómhair agus faoileáin’ (http://tionscnaimh.fng.ie/index.php?fng_file=L284.TXT&fng_function=1).

fillimid anois sa chuid deiridh den chaibidil seo ar shamplaí den séimhiú a fhaightear sna hAchtanna in áit dhíshéimhiú an Chaighdeáin Athbheithnithe. Faighimid séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol i dteideal Acht Uimh. 36 de 2010, ar ‘teideal aonaid gnó’ atá ann, is é sin, ‘an tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010’.¹⁵⁹ De réir na rialach nua bheadh an séimhiú le baint de leithéid ‘chónascacháin’ agus ‘fhoirgníochta’ in ‘cumainn chónascacháin’¹⁶⁰ agus ‘cumainn fhoirgníochta’,¹⁶¹ faoi seach, agus bheadh ar dhuine a mhachnamh a dhéanamh ar ‘chabhrach’ in ‘cumainn chabhrach’¹⁶² lena dhéanamh amach dó féin an mbeadh nó nach mbeadh sé le háireamh mar theideal riaracháin nó gnó. Faighimid tagairt do ‘comharchumainn fheirmeoireachta’,¹⁶³ ‘Cumainn Chreidiúna Talmhaíochta’,¹⁶⁴ ‘cumainn chosanta géim’,¹⁶⁵ ‘cumainn

¹⁵⁹ *The Credit Institutions (Stabilisation) Act 2010.*

¹⁶⁰ ‘D’fhonn cumann a fhoirmiú mar chomharba orthu ní mór do na cumainn chónascacháin ... comhaontú ar chuspóirí a gcomharba’, *In order to form a society as their successor the amalgamating societies must ... agree on the objects of their successor* (alt 95(2) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989) – i dtaca leis an iarmhír ‘-acháin’ a úsáid chun an ginideach den ainm briathartha a sheachaint i gcás inar gá (cf. lch 73 thuas), féach an sliocht seo a leanas mar a bhfaightear an ginideach uatha de ‘cónascachán’ agus an aidiacht bhriathartha ‘cónasctha’ araon: ‘ciallaíonn “na cumainn chónascacháin” agus “an cumann cónasctha”, faoi seach, maidir le cónascadh atá beartaithe, na ceardchumainn a bheartaíonn cónascadh agus an ceardchumann a leanfaidh as an gcónascadh atá beartaithe’, “the amalgamating unions” and “the amalgamated union”, in relation to a proposed amalgamation, mean respectively the trade unions proposing to amalgamate and the trade union which is to result from the proposed amalgamation (alt 1(1) den Acht Ceardchumann, 1975).

¹⁶¹ *building societies* (teideal taoibhe alt 77 den Acht Airgeadais, 2006 – cf. teideal taoibhe alt 57 den Acht Airgeadais, 1990, agus teideal taoibhe alt 31 den Acht Cánach Corparáide, 1976, mar shampla); faightear samplaí sna hAchtanna den séimhiú sa ghinideach uatha i gcás ‘cumann foirgníochta’, chomh maith – m.sh., ‘aon duine a sheolann gnó cumainn fhoirgníochta, gnó cumainn thionscail agus choigiltis, gnó cumainn chreidmheasa’, *any person who carries on the business of a building society, an industrial and provident society, a credit union* (alt 18(1) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971).

¹⁶² ‘Ceadófar ... do chumainn chabhrach, ar nós Cumann náisiúnta den Chrois Dhearg ..., an lucht créachtaithe ... a aireachasú’, *aid societies, such as national Red Cross ... Societies, shall be permitted ... to ... care for the wounded* (alt 1 d’Airteagal 17 sa Chúigiú Sceideal sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998 – cf. Airteagal 26 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).

¹⁶³ ‘Faoiseamh do chomharchumainn fheirmeoireachta’, *Relief to co-operative farming societies* (teideal taoibhe alt 7 den Acht Airgid, 1927).

¹⁶⁴ ‘Chun Roimh-íocanna d’íoc le Cumainn Chreidiúna Talmhaíochta’, *For Advances to Agricultural Credit Societies* (Vóta Uimh. 55 i gCuid 2 de Sceideal B a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1928).

¹⁶⁵ ‘Cumainn chosanta géim d’údarú’, *Recognition of game preservation societies* (teideal taoibhe alt 15 den Acht chun Géim do Chosaint, 1930).

bhanaltrais’,¹⁶⁶ ‘cumainn cheirde’¹⁶⁷ agus ‘cumainn pholaitíochta’¹⁶⁸ in Achtanna ó na blianta 1927, 1928, 1930, 1931 agus 1937 (i gcás an dá shampla dheireanacha), faoi seach. Agus ar shamplaí sna hAchtanna den séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach uatha¹⁶⁹ féach ‘de chuid cumainn fhoirgníochta’¹⁷⁰ in Acht ón mbliain 1989 agus ‘táirgeadh an chumainn fhéichiúnais’¹⁷¹ in Acht ón mbliain 1978. I dtaca le scríobh na Gaeilge lasmuigh de réimse na reachtaíochta, faighimid sampla de ‘cumainn pheile’ ón nuachtán seachtainiúil *Anois*¹⁷² agus ón nuachtán laethúil *Lá*¹⁷³ araon i Nua-Chorpas na hÉireann.¹⁷⁴

Faighimid tagairtí do ‘boird chontae’ Chumann Lúthchleas Gael, chomh maith, ó *Anois* i Nua-Chorpas na hÉireann.¹⁷⁵ Bheadh an séimhiú le baint de ‘bhainistíochta’

¹⁶⁶ ‘Cuid den bharrachas ionfhálta d’íoc le cumainn bhanaltrais’, *Payment of share of available surplus to nursing organisations* (teideal taoibhe alt 2 den Acht um Oispidéal Phuiblí Dhéirciúla (Leasú) (Uimh. 2), 1931) – féach an séimhiú ar lorg an ghinidigh uatha in ‘cialluíonn an abairt “cólucht rialúcháin” an chomhairle ... no an cólucht eile ag á bhfuil stiúradh ... an chumainn bhanaltrais gur ina thaobh a húsáidtear an abairt’, *the expression “governing body” means the council ... or other body having the control ... of the ... nursing organisation in relation to which the expression is used* (alt 1 d’Acht na nOispidéal Puiblí, 1933).

¹⁶⁷ ‘na coinníollacha oiriúnacha oibre le n-a raibh glactha ag cumainn cheirde i gcoitinne’, *the appropriate ... conditions of labour generally recognised by trade unions* (alt 5(3) d’Acht na dTíthe agus na Sclábhaithe, 1937).

¹⁶⁸ ‘Toirmeasc ar oifigigh agus ar shaighdiúirí do bheith ina gcomhaltaí de chumainn pholaitíochta’, *Prohibition of membership of political ... societies* (teideal taoibhe alt 13 den Acht Fórsaí Cosanta, 1937).

¹⁶⁹ Féach Caibidil 9 thíos maidir leis an ainmfhocal éiginnte ar lorg an ghinidigh uatha fhirinscnigh.

¹⁷⁰ ‘ar aon dul le gnó de chuid sealbhóra den sórt sin nó de chuid cumainn fhoirgníochta atá corpraithe go cúí sa Stát’, *similar to the business of such a holder or a building society duly incorporated in the State* (alt 73(1)(a) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1989).

¹⁷¹ ‘ní bheidh an cumann féichiúnais féin ag gabháil do mhiondíol aon earraí nach de tháirgeadh an chumainn fhéichiúnais ná de tháirgeadh a chomhaltaí’, *the debtor society shall not itself engage in ... the selling by retail of any goods which are neither produced by the debtor society or its members* (alt 61(1)(c) den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978).

¹⁷² ‘Bhí cumainn pheile ann nach raibh in ann foirne a chur ar pháirc na himeartha mar go raibh na fir óga i Londain, i mBostún nó in Chicago’ (19/11/1994).

¹⁷³ ‘An riail atá i bhfeidhm ag cumainn pheile na Fraince ná fionraíocht dhá chluiche sa chás sin’ (22/11/2002).

¹⁷⁴ Féach an sampla den séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘cumann’ in ‘Nuair is gá, abair 66 faoin gcéad de vótaí na mball chun bunreacht cumainn pheile a athrú, tá tromlach coinníollach i gceist’ (Jim O’Donnell agus Seán de Fréine, *Ciste Cúrsaí Reatha* [leagan Gaeilge a rinneadh den bhunleabhar Béarla sa bhliain 1992]).

¹⁷⁵ ‘Beidh sé suimiúil ... cén léamh a bheidh ag Coiste Iniúchadh na gCuntas de CLG ar na bealaí ina bhfuil a gcuid airgid á riar ag boird chontae na tíre’ (17/2/1996) agus ‘Is mithid treoir a chur amach go dtí na boird chontae maidir leis an scéal agus b’fhéidir go mbeadh

in ‘boird bhainistíochta’¹⁷⁶ faoin riail nua. Agus bheadh cros cheart ar an séimhiú ar ‘fhorbartha’ in ‘boird fhorbartha cathrach’¹⁷⁷ toisc go dtiocfadh sé ní amháin faoi riail seo an aonaid riaracháin ach faoi riail an ghinidigh den ainm briathartha chomh maith, maille le riail dhíshéimhite ainmfhocal éiginnte dar tús ‘f’, riail ar a bhfillfear i gCaibidil 15 thíos. I gcás ‘Boird Chomhpháirtíochta Limistéir’, a áirítear sa liosta de chomhlachtaí poiblí a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003,¹⁷⁸ ní amháin go mbeadh cros ar an séimhiú ar ‘Chomhpháirtíochta’ de dheasca riail an aonaid riaracháin ach dhéanfaí é a dhíshéimhiú, chomh maith, mar go bhfuil ainmfhocal ag cáiliú an fhocail atá sa ghinideach – síneadh eile fós atá déanta sa Chaighdeán Athbhreithnithe ar ghrúpa eisceachtaí sa Chaighdeán Oifigiúil ar a bhfillfear i gCaibidil 10 thíos.

ciall ann dul i gcomhairle leis na comhlachtaí a dhéanann soláthar ar éide na n-imreoirí (7/1/1995) – féach an séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha in ‘Is féidir leat straitéis deich mbliana gach Boird Chontae agus Chathrach a fheiceáil anseo’, ar shuíomh gréasáin a bhaineann leis an Daonáireamh, ón mbliain 2004.

¹⁷⁶ ‘Eiseoidh an Bord treoirínnte chuig boird bhainistíochta scoileanna aitheanta chun críocha an ailt seo’, *The Board shall issue guidelines to boards of management of recognised schools for the purposes of this section* (alt 22(7) den Acht Oideachais (Leas), 2000) – cf. ‘Boird Bhainistíochta’ (ceannteideal Chuid IV den Acht Oideachais, 1998).

¹⁷⁷ ‘boird fhorbartha cathrach agus contae laistigh dá limistéar’, *city and county development boards within its area* (alt 12(12)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000).

¹⁷⁸ *Area Partnership Boards* (alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht).

An ginideach iolra

Maidir le riail an Chaighdeáin Oifigiúil nach gnách séimhiú ar ghinideach iolra i ndiaidh cnuasainm, déantar an riail sin, mar a dhéantar leis na rialacha a bhí faoi chaibidil againn go dtí seo sa chuid seo den staidéar, a shíneadh sa Chaighdeán Athbhreithnithe go hainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocal frinsneach iolra dar críoch consan caol. Dá réir sin, in éindí le ‘saithe beach’, ‘scuaine gasúr’, ‘sealbh¹ caorach’ agus ‘táin bó’ an Chaighdeáin Oifigiúil faightear eiseamláir amháin sa Chaighdeán Athbhreithnithe d’ainmfhocal dísheimhithe sa ghinideach iolra agus é faoi réir ag ainmfhocal frinsneach iolra, is é sin, ‘pobail cainteoirí’.² Shamhlófá, b’fhéidir, gur beag éileamh a bheadh ar an bhfoirm iolra de chnuasainm – ach oiread le foirm iolra an ainmfhocail theibí, a bhí faoi chaibidil againn sa chaibidil dheireanach – ach is amhlaidh go mbaintear leas as foirm iolra ‘pobal’, mar shampla, chun *communities* a aistriú sna hAchtanna.³ De réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe, ‘más cnuasainm nó ainmfhocal a chuireann grúpa in iúl é an chéad ainmfhocal agus más ginideach iolra é an dara hainmfhocal a chuireann in iúl cé dóibh nó cad dóibh a bhfuiltear ag tagairt’, ní shéimhítear an dara hainmfhocal sin.⁴

- 1 Tugtar ‘sealbhán’ mar fhoirm chaighdeánach an chomhfhocail bhaininscigh ‘sealbh’, sa chiall atá i gceist anseo, i bhFoclóir Uí Dhónaill, agus faoin gceannfhocal sin ‘sealbhán’ tugtar ‘sealbhán caorach’, *flock of sheep*, mar aon le ‘sealbhán bó’, ‘sealbhán géanna’ agus ‘sealbhán ban’.
- 2 Féach go bhfaightear séimhiú ar ‘cainteoirí’ i ndiaidh an ghinidigh uatha de ‘pobal’ ar an *Irish Times*, 14 Márta 2012: ‘Foilsíodh an straitéis 20 bliain i 2010 ach, a deir sé, níl dóthain ann chun freastal ar riachtanais ar leith an phobail chainteoirí dúchais’ ([http://www.irishtimes.com/\[arna fháil ó http://www.gaelport.com/nuacht?NewsItemID=7789\]](http://www.irishtimes.com/[arna fháil ó http://www.gaelport.com/nuacht?NewsItemID=7789])). Agus, ó thaobh an iolra de, féach go bhfaightear samplaí de ‘pobail fhoghlaimoírí’ ar an idirlíon (m.sh., lch 20 den fhoilseachán *Le Chéile i dtreo na Teidlíochta* (2009) ar http://www.deni.gov.uk/together_towards_entitlement_irish.pdf).
- 3 Mar shampla: ‘maidir le hordú iarnróid ... féadfaidh cibé forálacha a bheith ann a mheasfaidh an Bord is cuí chun an pobal i gcoitinne, pobail áitiúla agus aon daoine dá ndéanann an t-ordú difear a chosaint’, *a railway order may ... contain such provisions as the Board thinks proper for the protection of the public generally, of local communities and of any persons affected by the order* (alt 44(2) den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001, arna ionadú le halt 49(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006).
- 4 Tabhair do d’aire go raibh Micheál Ó Murchú tar éis grúpa seo an ghinidigh iolra i ndiaidh cnuasainm a leathnú amach, chomh maith, chun ainmfhocail ar lorg ainmfhocail fhirinscigh dar críoch consan caol sa ghinideach uatha nó san ainmneach iolra a chur san áireamh, san alt sin leis ar tagraíodh dó roimhe seo thuas, ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’ (lch 163). Is é an chéad eiseamláir a thugann sé ná ‘as measc an phobail Protastúnach’ agus tugann sé ‘cnuasaigh dánta’ agus ‘cnuasaigh focal’ mar eiseamláirí den dísheimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscigh iolra sa chuid sin dá alt. Ní thugann Micheál Ó Murchú aon fhoinsé do na trí eiseamláir sin aige, áfach, murab ionann agus samplaí breátha a thugann sé den dísheimhiú i ndiaidh cnuasainm

Dá réir sin, ní bheadh séimhiú i ndiaidh ‘boird’ in aonaid fhadbhunaithe sna hAchtanna ar nós ‘boird ghobharnóirí’⁵ agus ‘boird choimeádaithe’.⁶ Agus tagann an riail nua salach ar leithéidí ‘tionóil chéimithe’,⁷ ‘comhlachais ghnóthas’⁸ agus ‘ceardchumainn mháistrí’⁹ sna hAchtanna, chomh maith.

Ach níor ghá an leagan nua sin de mhír an Chaighdeáin Oifigiúil i dtaca le cnuasainmneacha a áireamh mar mhír ar leith sa Chaighdeán Athbheithnithe in aon chor mar tá mír nua ar fad curtha mar mhír dheiridh sa Chaighdeán Athbheithnithe ina n-áirítear gach dá bhfuil sna cnuasainmneacha agus sna hainmfhocail a chuireann grúpa in iúl, is é sin, ‘má tá an dara hainmfhocal san iolra’ – is é sin, sa ghinideach iolra – i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh ar bith san ainmneach uatha, nó i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh iolra ar bith dar críoch consan caol, ní shéimhítear é, de réir riail nua an Chaighdeáin Athbheithnithe. Tugtar ‘glac tairní’, ‘traein paisinéirí’ agus ‘scoil cailíní’ mar eiseamláirí na rialach nua. Is amhlaidh, áfach, go n-áirítear ‘glac thairní’ ar na sampáí den séimhiú ‘ar lorg focal a léiríonn cainníocht’ in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*,¹⁰ go n-áirítear

bhaininscnigh (leithéidí ‘baicle Sasanach’, ‘cuain coileán’, ‘foireann fear’ agus ‘treibh Múrach’). I gcomórtas lena eiseamláir ‘as measc an phobail Protastúnach’, féach, mar shampla, ‘níl dóthain ann chun freastal ar riachtanais ar leith an phobail chainteoirí dúchais’ ón *Irish Times*, 14 Márta 2012 (tá an abairt iomlán, maille leis an tagairt, tugtha i bhfonóta 2 thuas).

- 5 ‘is iad na daoine a bhfuil freagrachtaí orthu faoi na struchtúir ... atá i bhfeidhm i scoil chun an scoil sin a bhainistiú ..., lena n-áirítear boird ghobharnóirí, a chomhlíonfaidh feidhmeanna boird’, *the persons who have responsibilities under the structures ... in place in a school for the management of that school ..., including boards of governors, shall ... discharge the functions of a board* (alt 14(3) den Acht Oideachais, 1998).
- 6 ‘Boird choimeádaithe a dhíscaoileadh’, *Boards of conservators dissolved* (teideal taoibhe alt 34 den Acht Iascaigh, 1980), agus ‘Boird Choimeádaithe a bunaíodh leis an Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959’, *Boards of Conservators established by ... the Fisheries (Consolidation) Act, 1959* (an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980).
- 7 ‘féadfaidh ollscoil comhoibriú le céimithe, le tionóil chéimithe agus le comhlachais atá ionadaitheach do chéimithe de chuid na hollscoile’, *a university ... may collaborate with graduates, convocations of graduates and with associations representing graduates of the university* (alt 13(2)(f) d’Acht na nOllscoileanna, 1997).
- 8 ‘toirmisctear ... gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais ghnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe’, *all agreements between undertakings, decisions by associations of undertakings and concerted practices ... are prohibited* (alt 4(1) den Acht Iomaíochta, 1991).
- 9 ‘Feidhmeanna an Bhinse maidir le ceárd-chumainn mháistrí’, *Functions of Tribunal in relation to trade unions of masters* (teideal taoibhe alt 25 den Acht Ceárd-Chumann, 1941).
- 10 Tugtar ‘cloch phrátaí’ agus ‘trí spleideog chéille’, i dteannta ‘glac thairní’, in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*: ‘Séimhítear tuiséal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile nuair is ainmfhocal baininsneach uatha (nach ginideach) an chéad ainmfhocal ar lorg focal a léiríonn cainníocht: *cloch phrátaí; glac thairní; trí spleideog chéille*’ (alt 4.15, lch 30, eagrán 1999) – féach Foscúibhinn 3.

‘traein phaisinéirí’ mar eiseamláir den séimhiú idirdhealaitheach sna ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’,¹¹ agus go n-áirítear ‘traein phaisinéirí’¹² agus ‘scoil chailíní’¹³ araon (i dteannta ‘scoil bhuachaillí’¹⁴ agus ‘scoil chearrbhach’)¹⁵ i bhFoclóir Uí Dhónaill.

Séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha

Ar shamplaí eile i bhFoclóir Uí Dhónaill ina bhfaightear foirmeacha sa ghinideach iolra faoi shéimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha tá na cinn seo a leanas:¹⁶

‘liacht bhan’,¹⁷ ‘uail bhan’,¹⁸ ‘troid bhataí’,¹⁹

¹¹ ‘Nuair a bhíonn an chéad ainmfhocal á cháiliú ag an dara ceann mar a bheadh aidiacht ann, séimhítear an dara hainmfhocal ... nuair a dhéanann an dara hainmfhocal idirdhealú idir dhá cheann (nó níos mó) de chineálacha éagsúla: *cill phlanda* (seachas *cill ainmhí*), *clann mhac* (seachas *clann iníonacha*), *eitinn bhólachta* (seachas *eitinn duine*), traein *phaisinéirí* (seachas *traein lastais*)’ – féach Foscríbhinn 4.

¹² *passenger train* (FGB, s.v. ‘traein’) – cf. ó Nua-Chorpas na hÉireann: ‘Ar an seachtú lá déag de mhí na Nollag, 1834, rith an chéad traein phaisinéirí ar domhan idir Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire’ (*Anois* 1/10/1995); is amhlaidh go bhfaightear sampla sa Nua-Chorpas den easpa séimhithe, chomh maith, in ‘luastraein paisinéirí’ (*Seodra* 2, 1995, ón gComhlacht Oideachais).

¹³ *girls’ school* (FGB, s.v. ‘scoil’) – cf. ón Nua-Chorpas: ‘Agus í ag tagairt do mholtaí Burns ar oideachas iarbhunscóile dúirt Anne McGrath, príomhoide ar Scoil Chailíní’ (*Anois* 25/2/1995); faightear ‘scoil cailíní’ sa Nua-Chorpas, chomh maith: ‘Nó d’fhéadfadh léiritheoir i scoil cailíní mac Rí na Spáinne a chur in áit Isabel agus an dráma a athrú dá réir’ (Pádraig Ó Siochrú, *An Choill Draíochta*, 1992) agus ‘níor shíl a máthair gur mhaith an rud é Aoife a bheith ar scoil mheasctha, agus cuireadh chuig scoil cailíní í’ (Muireann Ní Bhrolcháin, *Dialann Chaoimhe*, 1994, mar a bhfaightear ‘scoil buachaillí’, chomh maith); tabhair do d’aire go n-áirítear ‘foireann cailíní’ sna ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’ mar eiseamláir den easpa séimhithe ar lorg cnuasainm bhaininscnigh: ‘Nuair is cnuasainm an chéad ainmfhocal dá bhfuil i gceist leis an dara hainmfhocal, ní séimhítear an dara ceann: *buíon ban*, *foireann cailíní*, *scuaine gasúr*, *saithe beach*, *sraith dánta*, *táin bó*’ – féach Foscríbhinn 4.

¹⁴ *boys’ school* (FGB, s.v. ‘scoil’, mar a bhfaightear ‘scoil bhuachaillí is chailíní’, chomh maith) – cf. ón Nua-Chorpas: ‘Tógadh i Sasain í agus chuaigh sí go scoil bhuachaillí Dragon in Oxfordshire’ (Pádraig Ó Baoighill [Tír Chonaill], *Ceann Tíre/Earraghàidheal: Ár gComharsanaigh Gaelacha*, 2003).

¹⁵ *group of gamblers* (FGB, s.v. ‘scoil’, mar a bhfaightear ‘scoil chártaí’, chomh maith).

¹⁶ Ba mhór an chabhair dom nuair a bhí an liosta seo á chur i dtoll a chéile agam an t-aguisín a ghabhann le *Ainmfhocail faoi réir a chéile*, le Maolmhaodhóg Ó Ruairc. Sna fonótaí a ghabhann leis na téarmaí tugtar samplaí de na téarmaí, ó chainteoirí dúchais ach go háirithe, a fuarthas i Nua-Chorpas na hÉireann.

¹⁷ *gynaecology* (FGB, s.v. ‘liacht’¹).

¹⁸ *group of women* (FGB, s.v. ‘uail’; cf. ‘uail chaorach’) – bheifí ag súil le ‘uail ban’ agus ‘uail caorach’, faoi seach, de réir an Chaihdeáin Oifigiúil (i.e., easpa séimhithe i ndiaidh cnuasainm).

¹⁹ *stick-fight* (FGB, s.v. ‘troid’) – cf. ‘troid choileach’ agus ‘troid phící’; féach ‘Bhí troid bhataí coitianta go maith i nGaith Dobhair sa tseanam’ (*www, Local Ireland: Local Gaeltacht*

‘céir bheach’,²⁰ ‘coirceog bheach’,²¹ ‘geoin bheach’,²² ‘mil bheach’,²³
 ‘léarscáil bhóithre’,²⁴ ‘scuab bhróg’,²⁵ ‘min chalóg’,²⁶ ‘cuingir chaorach’,²⁷
 ‘lait chaorach’,²⁸ ‘sail chaorach’,²⁹ ‘uail chaorach’,³⁰ ‘cuingir chapall’,³¹
 ‘seisreach chapall’,³² ‘cóisir chártaí’,³³ ‘oíche chártaí’,³⁴ ‘scoil chártaí’,³⁵
 ‘grathain chearc’,³⁶ ‘bacóg chipíní’,³⁷ ‘muince chleiti’,³⁸ ‘rúisc chloch’,³⁹

Thír Chonaill: An Fál Carrach: AN FÁL CARRACH – COGADH NA TALÚN).

- ²⁰ *beeswax* (FGB, s.v. ‘céir’; cf. ‘céir ghliomach’ agus ‘céir phortán’) – tabharfar roinnt samplaí de ‘céir bheach’ ó údair Ghaeltachta ar ball thíos; is ‘céir bheach’ a fhaightear i nGaeilge na Mumhan ar *bees’ wax*, de réir L. Mc Cionnaith, *Foclóir Béarla agus Gaedhilge*, s.v. *bee*.
- ²¹ ‘coirceog (bheach)’, *beehive* (FGB, s.v. ‘coirceog’) – féach ‘Agus bheadh sé ag faire amach le haghaidh choirceog bheach’ (Pádraic Breathnach [Connachta], *Gróga Cloch*, 1990); agus féach ‘cúinseog bheach’ ag Seán Ó Caoimh sa bhliain 1957: ‘Uaireanta bhídís amhail le cúinseog bheach in achrann san eitleán, bhídís chomh tiubh san’ (<http://www.seanchas.ie/LOL.html>).
- ²² *drone of bees* (FGB, s.v. ‘geoin’) – cf. ‘geoin ghadhar’.
- ²³ *bees’ honey* (FGB, s.v. ‘mil’) – tabharfar roinnt samplaí de ‘mil bheach’ ó údair Ghaeltachta ar ball thíos; tugann an Duinníneach ‘mil na mbeach, *honey of bees*, mil bheach, mil na gcíor, *id. (poet.)*’, s.v. ‘mil’.
- ²⁴ *road-map* (FGB, s.v. ‘léarscáil’).
- ²⁵ *shoe-brush* (FGB, s.v. ‘scuab’).
- ²⁶ *flake-meal* (FGB, s.v. ‘min’)
- ²⁷ *pair of sheep tied together* (FGB, s.v. ‘cuingir’; cf. ‘cuingir ghabhar’, maille le ‘cuingir chapall’ agus ‘cuingir dhamh’).
- ²⁸ *a (small) number of sheep* (FGB, s.v. ‘lait’) – féach ‘Ach is minic nuair a cheannaíonn duine lait chaorach ar an gcuma san ná bíonn cuid acu le moladh’ (Pádraig Ó Cíobháin [Corca Duibhne], *An Gealas i Lár na Léithe*, 1992).
- ²⁹ *wool-grease* (FGB, s.v. ‘sail’).
- ³⁰ *flock of sheep* (FGB, s.v. ‘uail’) – féach ‘uail bhan’ thuas, agus tabhair do d’aire gur ‘scuaine caorach’ (*drove of sheep*), gan séimhiú, a fhaightear in FGB.
- ³¹ *yoke of horses* (FGB, s.v. ‘cuingir’) – féach ‘Dheasaigh Seán agus Digger an chairt agus thugadar cuingir chapall di, péire socair’ (Colm Ó Ceallaigh [Conamara], *Bridín an Dilleachta*, 1995).
- ³² *team of horses* (FGB, s.v. ‘seisreach’) – féach ‘Chas tú fóidín is chas tú fód / an tseisreach chapall faoi cheannas agat / nuair a bhris an tEarrach san iomaire cinn’ (*Feasta*, móreagrán liteartha Bhealtaine 2001).
- ³³ *card-party* (FGB, s.v. ‘cóisir’).
- ³⁴ *a night of card-playing* (FGB, s.v. ‘oíche’).
- ³⁵ *group of gamblers* (FGB, s.v. ‘scoil’).
- ³⁶ *scraggy (flock of) hens* (FGB, s.v. ‘grathain’) – cf. ‘grathain chuileog’, ‘grathain mhíolach’ agus ‘grathain pháistí’.
- ³⁷ *armful of sticks* (FGB, s.v. ‘bacóg’).
- ³⁸ *feather boa* (FGB, s.v. ‘muince’).
- ³⁹ *volley of stones* (FGB, s.v. ‘rúisc’); tabhair do d’aire go dtugann an Duinníneach ‘rúisc cloiche’, *a good-sized stone*, s.v. ‘rúisc’.

‘sraith chloch’,⁴⁰ ‘créachta chnámh’,⁴¹ ‘snaidhm chnámh’,⁴² ‘tine chnámh’,⁴³ ‘troid choileach’,⁴⁴ ‘plá choiníní’,⁴⁵ ‘cliath choinneal’,⁴⁶ ‘toirm chos’,⁴⁷ ‘sail chuach’,⁴⁸ ‘grathain chuileog’,⁴⁹ ‘cuingir dhamh’,⁵⁰ ‘seisreach dhamh’,⁵¹ ‘tuile dheor’,⁵² ‘críoch dhriseacha’,⁵³ ‘tóin fhionn’,⁵⁴ ‘bothóg fhód’,⁵⁵ ‘cuingir ghabhar’,⁵⁶ ‘geoin ghadhar’,⁵⁷ ‘carr ghearb’,⁵⁸

- ⁴⁰ *rock lichen* (FGB, s.v. ‘sraith’) – féach ‘Bhíodh siad go síoraí ag cniotáil stocaí agus geansaithe agus bhainfeadh siad úsáid as sraith chloch le dath a chur ar an snáithe’ (Máirín Uí Dhubhda, Meta Uí Mháille, Máire Uí Chonaola agus Máire Seoighe [Ros Muc], *Idir Mná*, 1995).
- ⁴¹ *bone tuberculosis* (FGB, s.v. ‘créachta’) – féach ‘Sa deireadh dúirt an dochtúir leis go raibh an lot ag gabháil chun créachta chnámh dó agus go mb’fhear dó a ghabháil chun ospidéal’ (Seamus Ó Grianna, *Cora Cinniúna*, 1993).
- ⁴² *junction of bones, joint* (FGB, s.v. ‘snaidhm’).
- ⁴³ *bonfire* (FGB, s.v. ‘tine’) – díreofar ar ‘tine chnámh’ ar ball thíos.
- ⁴⁴ *cock-fighting* (FGB, s.v. ‘coileach’) – féach ‘Níl cruinniú, ná comhthiolán, ná tabhairt amach, / Ná troid choileach féin, nach mbíonn tusa orthu, / Á thabhairt faoin bpoll do na bastairtí bréana / Nach bhfuil díreach chomh bréan leat féin’ (*Feasta*, Bealtaine 1998).
- ⁴⁵ *a plague of rabbits* (FGB, s.v. ‘plá’).
- ⁴⁶ *taper-hearse* (FGB, s.v. ‘cliath’) – féach ‘Isteach in eaglais leis, ... go ndéanann caol díreach ar shéipéal Chríost an Chéasta, gearrann fíor na croise air féin, seasann nóiméad, agus téann chuig an gliath choinneal’ (*Feasta*, Bealtaine 1998).
- ⁴⁷ *tramp of feet* (FGB, s.v. ‘toirm’).
- ⁴⁸ Tugtar an comhfhocal ‘sailchuach’ mar leagan caighdeánach de ‘sail chuach’, agus de ‘sail chuaiche’, s.v. ‘sail’ ([1] *dirt, dross, impurity* agus [2] *stain, defilement*) in FGB, mar a bhfaightear *violet* ar ‘sailchuach’ agus an lipéad ‘luibheolaíocht’ ag gabháil leis – cf. ‘sail na gcuaich’, *cuckoo sorrel*, s.v. ‘sail’, i bhFoclóir an Duinnínigh; féach ‘Nuair a dúirt Féilim Mhac Dhúghaill faoin tSail Chuach: “Ní iarrfadh maidí rámha dhá seoladh abhaile in am, / Agus ba chuma léi gála ná téigle,” ní raibh ansin ach áibhéil’ (Tomás Ó Máille, *An Béal Beo* – cf. ‘Ag trácht dó ar chúrsaí bádóireachta, cuir i gcás, bhain sé gaisneas as an gcur síos agus as téarmaí atá le fáil in amhráin mar “An Cauptín Ó Máille”, “An tSail Chuach” ... agus “Neileach”’ [*ibid.*]).
- ⁴⁹ *swarm of flies* (FGB, s.v. ‘grathain’).
- ⁵⁰ *yoke of oxen* (FGB, s.v. ‘cuingir’).
- ⁵¹ *team of oxen* (FGB, s.v. ‘seisreach’).
- ⁵² *flood of tears* (FGB, s.v. ‘tuile’).
- ⁵³ *bordering of briars; briar thicket* (FGB, s.v. ‘críoch’).
- ⁵⁴ *hare’s-tail, cotton-grass* (FGB, s.v. ‘tóin’, an ceathrú brí, lena ngabhann an nod don ‘luibheolaíocht’) – féach s.v. ‘fionn’¹, mar a dtugtar *white animal*, i dteannta *white (colour)*, mar phríomhbhrí an ainmfhocail sin.
- ⁵⁵ *sod-house* (FGB, s.v. ‘bothóg’).
- ⁵⁶ *pair of goats tied together* (FGB, s.v. ‘cuingir’).
- ⁵⁷ *cry of beagles* (FGB, s.v. ‘geoin’).
- ⁵⁸ *incrustation of scabs* (FGB, s.v. ‘carr’) – féach ‘Ina dhiaidh sin, ní raibh ann ach bothán folamh gan aird, aol breoite ag teacht den bhalla ina charr ghearb’ (Alan Titley, *Leabhar Nóra Ní Anluain*, 1998).

‘leaba ghlasraí’,⁵⁹ ‘céir ghliomach’,⁶⁰ ‘snáthaid mhálaí’,⁶¹
‘rois mhallachtaí’,⁶² ‘mám mhilseán’,⁶³ ‘grathain mhíolach’,⁶⁴
‘plá mhíoltóg’,⁶⁵ ‘rois mhionnaí móra’,⁶⁶ ‘grathain pháistí’,⁶⁷
‘scaird pheacaí’,⁶⁸ ‘troid phící’,⁶⁹ ‘sraith phíob’,⁷⁰ ‘mionrach phlandaí’,⁷¹
‘céir phortán’,⁷² ‘báinseog phrátaí’,⁷³ ‘baisc phrátaí’,⁷⁴ ‘ceaist phrátaí’,⁷⁵
‘cruit phrátaí’,⁷⁶ ‘cúil phrátaí’,⁷⁷ ‘greadlach phrátaí’,⁷⁸ ‘gríosach phrátaí’,⁷⁹

⁵⁹ *vegetable-bed* (FGB, s.v. ‘leaba’).

⁶⁰ *lobster-spawn* (FGB, s.v. ‘céir’).

⁶¹ *packing-needle* (FGB, s.v. ‘snáthaid’).

⁶² *hail of curses* (FGB, s.v. ‘rois’) – cf. ‘rois mhionnaí móra’.

⁶³ *handful of sweets* (FGB, s.v. ‘mám’).

⁶⁴ *plague of lice* (FGB, s.v. ‘grathain’).

⁶⁵ *a plague of midges* (FGB, s.v. ‘plá’) – féach ‘Nach mairg go raibh an báire ban sin greamuighthe timcheall a bhuird mar a bheadh pláigh mhíoltóg in eang a ghearrfaí i rúsc oráiste’ (Máirtín Ó Cadhain, *An Braon Broghach*).

⁶⁶ *volley of oaths* (FGB, s.v. ‘rois’) – tabhair do d’aire gur séimhiú ar ainmfhocal cáilithe sa ghinideach atá anseo; féach ‘Chuir Doimnic Mór rois mhionnaí mór ar pheataí is ar mhadaí na Carraige is phreab ar a bhonna’ (Seán Mac Meanman [Ulaidh], *An Dara Mám* [scéalta leis a athfhoilsíodh sa bhliain 1991]).

⁶⁷ *unruly mob of children* (FGB, s.v. ‘grathain’).

⁶⁸ ‘scaird aithrí scaird pheacaí’, *sudden fit of repentance (followed by bout of profligacy)* (FGB, s.v. ‘scaird’).

⁶⁹ *pike battle* (FGB, s.v. ‘píce’).

⁷⁰ *row of (organ) pipes of one character, stop* (FGB, s.v. ‘sraith’) – tabhair do d’aire go bhfaightear na samplaí seo a leanas den easpa séimhithe i ndiaidh ‘sraith’ (cnuasainm) in FGB: ‘sraith brící’ (*course of bricks*), ‘sraith dánta’ (*cycle of poems*), ‘sraith tionóiscí’ (*sequence of accidents*), ‘sraith tithe’ (*row of houses*), ‘sraith suíochán’ (*row of seats*), ‘sraith cliath’ (*flight of hurdles*) agus ‘sraith maidí rámhá’ (*bank of oars*).

⁷¹ *undersized, rejected, plants* (FGB, s.v. ‘mionrach’) – cf. ‘mionrach phrátaí’.

⁷² *crab-spawn* (FGB, s.v. ‘céir’).

⁷³ ‘báinseog (phrátaí)’, *patch of potatoes in bloom* (FGB, s.v. ‘báinseog’).

⁷⁴ *heap of potatoes* (FGB, s.v. ‘baisc’) – tabhair do d’aire go bhfaightear ‘baisc faochan’ (*batch of periwinkles*) in FGB, s.v. ‘baisc’ (tá cnuasainm agus easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh araon i gceist anseo).

⁷⁵ *batch of potatoes (roasted in ashes)* (FGB, s.v. ‘ceaist’).

⁷⁶ *stolen bag of potatoes* (FGB, s.v. ‘cruit’) – glacaim leis gurb é atá i gceist anseo ná an mála prátaí a bheith crochta thar a ghualainn ag an ngadaí agus é ag sleamhnú leis lena chreach! Tabhair do d’aire go n-áiríonn an Duinníneach *the portion of a potato left after the sets are cut for planting* ar bhríonna ‘cruit’.

⁷⁷ *stored heap of potatoes* (FGB, s.v. ‘cúil’) – tugann an Duinníneach *a corner, nook; a couch; a heap (a corner-full); ... a pantry, a cellar, a heap of potatoes, etc.*, s.v. ‘cúil’.


⁷⁸ ‘Chuir sí síos greadlach phrátaí’, *she put on a huge pot of potatoes* (FGB, s.v. ‘greadlach’).

⁷⁹ ‘Bhí gríoslach phrátaí thíos aici’, *she was roasting a batch of potatoes in the ashes* (FGB, s.v. ‘gríoslach’).

‘leaba phrátaí’,⁸⁰ ‘luspairt phrátaí’,⁸¹ ‘mionrach phrátaí’,⁸²
 ‘stailc phrátaí’,⁸³ ‘scib sheileán’,⁸⁴ ‘pióg shilíní’,⁸⁵ ‘corróg shlat’,⁸⁶
 ‘aithne shúl’,⁸⁷ ‘tuirse shúl’⁸⁸ agus ‘treoir thairní’.⁸⁹

‘Tine chnámh’ agus téarmaí gaolmhara

Aonaid seanbhunaithe, ar téarmaí ar leith atá iontu, atá i roinnt mhaith de na samplaí sin thuas, agus is amhlaidh do na téarmaí Béarla a fhreagraíonn dóibh, chomh maith, ar comhfhocail atá i roinnt mhaith díobh, mar a fheictear ó na fonótaí atá ag gabháil leis na téarmaí sin anseo. Léiriú an-mhaith air sin atá in ‘tine chnámh’, *bonfire*. I dtaca le scríobh na Gaeilge de, tá ‘tine chnámh’ mar theideal ar chéadchnuasach filíochta Liam Uí Mhuirthile (1984).⁹⁰ Agus is amhlaidh go bhfuil ‘tine chnámh’ le fáil i scríbhinní i gcanúintí na Mumhan,⁹¹ Chonamara⁹²



⁸⁰ *potato-bed* (FGB, s.v. ‘leaba’) – féach ‘Bhainimis anuas é chun an chré a bhaint sa chlais chun taoscadh ar an leaba phrátaí’ (Domhnall Mac an tSíthigh [Corca Dhuibhne], *An Baile i bhFad Siar*, 2000); tugtar tuilleadh samplaí de ‘prátaí’ faoi shéimhiú ó údair Ghaeltachta ar ball thíos.

⁸¹ *small worthless potatoes* (FGB, s.v. ‘luspairt’).

⁸² *undersized, rejected, potatoes* (FGB, s.v. ‘mionrach’).

⁸³ *potato-starch* (FGB, s.v. ‘stailc’²).

⁸⁴ ‘scib (sheileán)’, *wicker bee-hive, skep* (FGB, s.v. ‘scib’) – tabhair do d’aire go bhfaightear an sampla seo a leanas den easpa séimhithe ar ‘seileán’ in FGB, s.v. ‘cathair’: ‘cathair seileán’ (*swarming-place of bees*).

⁸⁵ *cherry-pie* (FGB, s.v. ‘pióg’).

⁸⁶ *thick bundle of rods* (FGB, s.v. ‘corróg’²).

⁸⁷ ‘Tá aithne shúl agam air’, *I know him to see* (FGB, s.v. ‘aithne’) – tugtar samplaí den abairt seo ó údair Ghaeltachta ina dhiaidh seo thíos; tabhair do d’aire go bhfaightear an leagan díshéimhithe seo a leanas in FGB, chomh maith: ‘Ní raibh aithne súl ná béil air’, *his features were unrecogniz-able, he was all bespattered (with mud, etc.)*.

⁸⁸ *eye-strain* (FGB, s.v. ‘tuirse’).

⁸⁹ ‘treoir (thairní)’, *nail-mould* (FGB, s.v. “treoir”).

⁹⁰ Dealraíonn sé go raibh téacsleabhar den teideal céanna sin ann, chomh maith, le duine dar shloinne ‘Ó Néill’ (‘P. Ó Néill’, más buan mo chuimhne).

⁹¹ “‘Tar anso amárach, a Niocláis,’ ar seisean leis an mbearbóir, “agus déanfaimid tine chnámh de sna leabhraibh mallaithe seo, i dtreo ná cuirfidh siad aon duine macánta as a mheabhair go deo arís’ (An tAth. Peadar Ó Laoghaire, *Don Cíochóité*).

⁹² ‘Dá mbeadh fhios ̀s an Eanach, cé an uair a dtiocfadh sé abhaile, níor dhóichide beirthe é, nó lasfaidís teine chnámh agus bheadh cóisir croidhe-dhílis faoi n-a chomhair go maidin’ (Máirtín Ó Cadhain, *Idir Shúgradh is Dáiríre*, 1976) – cf. ‘Tá féasta is fleá á chur ar fáil / I gCúirt an tSrutháin Bhuí; / Seo pálás breá a bhí i bhfad le fán / Is atá anocht á oscailt arís;

agus Uladh⁹³. Tá ‘bean chnámh’,⁹⁴ ‘pian chnámh’⁹⁵ agus ‘cnáfairt chnámh’⁹⁶ ar théarmaí eile ina bhfaightear séimhiú ar ‘chnámh’ sa ghinideach iolra – sna fonótaí thíos a ghabhann leis na téarmaí sin tugtar samplaí díobh as scríbhinní ó Ghaeltachtaí éagsúla a fhaightear i Nua-Chorpas na hÉireann. Ag dul níos faide siar dúinn i dtraidisiún na Gaeilge, agus ag cur an tséimhithe ar ‘chnámh’ i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh iolra san áireamh,⁹⁷ in aisling a foilsíodh in *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* as lámhscríbhinn a scríobhadh sna blianta 1845-6, deirtear faoi mhaighdean na haislinge go raibh a ‘déid gheal-chnámh’ mar chailc.⁹⁸ Dar leis an bhfile Giolla Brighde Ó Heoghasa (a d’éag sa bhliain 1614) go bhféadfadh an lámh a scríobh litir bheith ‘ina sreath chnámh ccríon a ccill’ (i.e. ‘ina sraith chnámh críon i gcill’) faoin am go mbeadh an litir á léamh ag an té a raibh sí curtha chuige.⁹⁹ Faightear an líne ‘luchd snoidhe chnámh agus chuislenn’ i ndán atá le fáil i lámhscríbhinn i nDún Éideann a scríobhadh sa seachtú haois déag.¹⁰⁰ I


/ Le tinte chnámh ar chuailí arda’ (Tomás Mac Eoin agus Máire Uí Fhlatharta, *Loscadh Sléibhe*, 1989).

- ⁹³ ‘Lasadh tine chnámh ar an Trá Bhán, breocharn ábhalmhór, carnaithe go dtí an spéir le éadail trá, creatlach báid agus le seanghluaisteáin a tugadh anall ón Bhreatain faoi choim’ (Seán Mac Cumhaill, *Gort na Mara agus scéalta eile*, 2002).
- ⁹⁴ ‘Father Larkin agus an bhean chnámh’ (*Béarach Mná ag Caint: Seanchas Mháiréad Uí Mhionacháin*, 1999 – tosaíonn an cuntas mar a leanas: ‘Father Larkin (sagart paróiste a bhí ar na hAoraíbh), thóg a chapall ceann leis, agus má thóg, do chuir sí as a drom é agus do briseadh rud éigin ina ghualainn’).
- ⁹⁵ ‘Dá dtigeadh an fiabhras nó aicíd na scamhán nó pian chnámh air bheadh truaighe is tarrtháil le fáil aige’ (*Cora Cinniúna: Gearrscéalta Mháire 1*, 1993).
- ⁹⁶ ‘Ansiúd is minic creathnú an bháis ina chroí nuair a tchí sé cnáfairt chnámh ina shlí nó a chuid madadh ag cosc air conablaigh sna cnoic adaí atá lán de chiúnas agus de chaoirigh’ (Cathal Ó Searcaigh, *Ag Tnúth leis an tSolais*, 2000).
- ⁹⁷ Tugtar ‘déid’ mar fhoirm an ainmnigh iolra de ‘déad’ i bhFoclóir an Duinnínigh, mar shampla, murab ionann agus ‘déada’ Fhoclóir Uí Dhónaill; níos faide ar aghaidh sa chaibidil seo beimid ar díriú arís go sonrach ar an séimhiú ar lorg an ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consal caol.
- ⁹⁸ ‘Bhí a cum mar choirthe sneachta, is a bráigh ar lí na heala, / A déid gheal-chnámh mar chailce, is a gruaidh mar an ghrís’ (Énrí Ó Muirgheasa, *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*, BÁC 1934, dán 121, ‘Aisling san oidhche’, rann 2, lch 235).
- ⁹⁹ ‘Dá ttigeadh litir a-le, / ní feas fós nach bíadh reimpe / ina sreath chnámh ccríon a ccill / an lámh rod sgríobh, a sgríbhinn’ (Osborn Bergin, ead. *Irish Bardic Poetry*, BÁC 1970, lch 141, dán 35, rann 20 [an rann deiridh] – aistrítear an rann mar a leanas ar lch 277: *Should a letter come hither, I know not again but that it would find the hand that wrote thee as a row of withered bones in the churchyard, O writing*).
- ¹⁰⁰ ‘Budh díobh o Niall na Naoi Glas / aig sin duit ciall a seanchuis / Clann Mhic Beathadh a gnath’ ghrin / luchd snoidhe chnamh agus chuislenn’ (dán uimhir 1410 [‘Mór an léansa ar aicme Íle’] sa bhunachar d’fhillíocht na mbard atá curtha i dtoll a chéile ag Damian McManus agus Eoghan Ó Raghallaigh [is amhlaidh nach bhfuil an dán seo curtha san áireamh ina mór bhailiúchán *A Bardic Miscellany*, 2010] – féach Alexander Cameron, *Reliquiae Celticae* I, ead. A. Macbain and an tUrr. J. Kennedy, Inbhir Nis, 1892, lgh 134-5, rann 10).

marbhna a scríobhadh uair éigin idir 1300 agus 1500 faightear an líne ‘m’ucht ’na chrosradhaigh chnámh lom’¹⁰¹ agus, dar leis an bhfile Donnchadh Mór Ó Dálaigh (a d’éag sa bhliain 1244), gur trua mar atá sé, ‘cuall chnámh arna dhéanamh díom’.¹⁰² Agus, ar deireadh, i *Leabhar na hUidhre* (a scríobhadh roimh an mbliain 1106), faighimid ‘cúimm chnáma’¹⁰³ (i.e. ‘coim chnámh’).

Baill an choirp

Tacaíonn baill eile den chorp leis an bhfianaise sin thuas i dtaca leis an séimhiú ar ainmfhocail sa ghinideach iolra, mar a fheicimid ó na habairtí agus na samplaí seo a leanas a fhaightear i Nua-Chorpas na hÉireann. Ag tosú dúinn leis na cosa, ‘Tháinig crith chos agus lámh ar a lán de mhuintir Chumann na Talún’ a scríobh an tAthair Peadar Ó Laoghaire in *Mo Scéal Féin*.¹⁰⁴ I dtaca leis na glúine, tá ‘Nuair a bhí sí ina luí seoil chuir ceann acu a lámh amach, rug an bhean ghlún ar an lámh agus chas snáithín craorag uirthi’ mar leagan Gaeilge de *Geineasas* 38:28 ag an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta.¹⁰⁵



An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta

Tá mar líne i ndán le Maidhc Dainín Ó Sé (fear eile as Corca Dhuibhne, ar fearr aithne air mar scríbhneoir próis), ‘Lomchnámhach le téagairt ghéag’.¹⁰⁶ Faightear ‘tairneáil chíoch’¹⁰⁷ agus ‘péint mhaláí’¹⁰⁸ araon i saothar ficsin leis an scríbhneoir

¹⁰¹ R. A. Breatnach: ‘Marbhna Fhearchoir Í Mháoil Chíaráin’, *Éigse* 3 (1941-42 [1943]), lch 172, rann 18; aistrítear an abairt mar a leanas ar lch 173: *my breast is a grating of bare bones* – fch DIL, s.v. ‘crosradach’, mar a n-aistrítear ‘ina crosradaig’ (in ‘airm cháich ina crosradaig’ in *Leabhar Búí Leacáin*) mar *crossed*.

¹⁰² ‘M’fuil is m’feoil d’ínghe uaim / mo threoir go mor is mo bhríogh / ar fhéachain as truaidh mar tám / cuall chnámh arna dhéanamh díom’ (Damien McManus agus Eoghan Ó Raghallaigh, eag. *A Bardic Miscellany*, lch 391, dán 290 [‘Is truagh mar tá mo cholann chriadh’], rann 3) – cé gur firinsneach don cheannfhocal ‘cual’ in FGB, tabhair do d’aire go dtugtar leagan baininsneach san fhoclóir sin, chomh maith, mar leagan malartach.

¹⁰³ ‘Cúimm chnáma uli in triar sin’ (R. I. Best agus Osborn Bergin, eag. *Lebor na hUidre*, BÁC 1929, lch 223, líne 7290 [fóilió 90a]).

¹⁰⁴ Sa saothar céanna sin leis, a foilsíodh sa bhliain 1915, scríobhann sé: ‘Mar a bhí, chuir siad crith chos agus lámh ar a raibh de thiarnaí talún agus de sheoiníní in Éirinn ó Dhomhnach Daoi go Teach Mháire’.

¹⁰⁵ *An Bíobla Naofa* (Má Nuad, 1992; is é an Moinsíneoir Ó Fiannachta féin a d’aistrigh *Geineasas*) – cf. *Geineasas* 35:17; tabhair do d’aire go bhfaightear ‘bean ghlúine’ in FGB.

¹⁰⁶ Tá an líne sin sa chnuasach *Citeal na Stoirme*, a foilsíodh sa bhliain 1991.

¹⁰⁷ ‘go bhfaca sí lena dhá súil féin go mion minic a drár fágtha cois na leapa mar shiúlfadh sí amach as agus tairneáil chíoch ag breathnú anuas den pionna a mbíodh an pictiúr beannaithe crochta air’ (*Clochmhóin*, 1998).

¹⁰⁸ ‘péint bhéil agus péint mhaláí’ (*ibid.*).

aithnidiúil as an Spidéal, Joe Steve Ó Neachtain, agus faighimid ‘a chír fhiacra bréige’¹⁰⁹ i saothar ficsein le scríbhneoir próis eile as Corca Dhuibhne, Pádraig Ó Cíobháin. Ar deireadh, i ngearrscéal leis in *An Braon Broghach*, scríobh Máirtín Ó Cadhain nach ‘raibh thar aithne shúl ag Brighid ar a bhfurmhór’.¹¹⁰

Ach dul lasmuigh den Nua-Chorpas dúinn, agus siar sna blianta, tagaimid ar neart samplaí de bhaill eile den chorp. Faighimid ‘fuaim bhonn’ i leagan an Dr Bedel de *Irimia* 47:3,¹¹¹ agus ‘guin bhonn’ i ndán ón 16ú haois, le Diarmuid Ó Cobhthaigh, ar chéasadh Chríost ar an gcrois.¹¹² Faightear séimhiú ar ‘troitheacha’ sa ghinideach in *Trompa na bhFlaitheas*, le Tadhg Ó Conaill, ó lár an 18ú haois.¹¹³ Tá ‘putóg’ faoi shéimhiú sa ghinideach iolra againn ó *Pairlement*

¹⁰⁹ ‘faighim an boladh láidir stálaithe óna anáil faoi mar a bheadh fear a bheadh ag ól feaigeanna i nganfios agus nárbh bhéas leis a chír fhiacra bréige a thógaint amach agus a chur ar bogadh in uisce istoiche’ (*An Gealas i Lár na Léithe*, 1992) – tabhair do d’aire gur ‘cior fiacra’ (*set of teeth*) atá in FGB; féach na samplaí eile seo a leanas de ‘fiacra’ faoi shéimhiú sa ghinideach: ‘leathnaigh sí a béal i bhfoirm gáire, cuma fholláin fhiacra i gcloigeann creatlaigh sa chré ar a cír’ (Pádraig Ó Cíobháin, *Le Gealaigh*, 1991), ‘Tá dhá chineál duine ann, más fíor do Phoncán ínteach, iadsan a bhrús tiúb an taois fhiacra as a lár is iad siúd ’bhfuil fuath acu don chéad chineál’ (an leathanach baile atá ar shuíomh gréasáin Phádraic Bhreathnaigh), ‘Suas go dtí leathchéad bliain ó shin is beag sa bhreis ar chosa adhmaid, ar thátháin fhiacra, ar fhiacra breise agus ar fhuil aistrithe a bhíodh in úsáid mar pháirteanna breise don cholainn dhaonna’ (Matt Hussey, *Go maire tú an céad*, 2003) agus ‘Cuireann boird sláinte in Éirinn cóireáil fhiacra ar fáil saor in aisce do shaoránaigh áirithe’ (suíomh gréasáin an Daonáirimh, 2004).

¹¹⁰ ‘Ní raibh thar aithne shúl ag Brighid ar a bhfurmhór agus ba dhiacht dhi aithne shúl fhéin a bheith aice ar chuid acu, arae, ba as na bólaí soir amach ó’n tsráid-bhaile a mbunáite agus tóigeadh ise cúig mhíle siar ó’n tsráid-bhaile’ – is sa bhliain 1948 a foilsíodh an cnuasach sin agus, le sampla níos nua-aimseartha a thabhairt, féach ‘Bhí aithne de chineál eicint agam ar roinnt de na buachaillí seo – aithne shúl, aithne chraicinn, aithne mhaith, an iomarca aithne ... ach buíochas le Dia bhí go leor acu nua dom freisin’ (Micheál Ó Conghaile, *An Fear a Phléasc*, 1997); féach, ó thaobh Ghaeilge Uladh de, “‘Tá aithne shúl agam uirthi,’ arsa an mac’ (Seán Mac Meanman, *An Dara Mám*, 1991).

¹¹¹ ‘Lé fuáim chloichbhéimnigh bhonn a each láidir’ (féach DIL, s.v. ‘cloch’, mar a dtugtar *stamping* i ndiaidh an tsleachta sin) – ‘le tormán cruite a chuid staileanna’ a fhaightear i mBíobla Mhá Nuad.

¹¹² ‘Guin bhonn is athghoin oile / gidh trom an agra ar th’fhine, / nar fhéach tú don taoibh oile / goire ar ngaoil do chrú an chridhe?’ (Lambert McKenna, eag. *Aithdioghlúim Dána I* [ITS, iml. xxxvii, 1939], dán 64, rann 29 – *The wounding of Thy feet and Thy second wound (by our subsequent sins) made a heavy charge against Thy race; yet didst Thou not set against it our close kinship with Thy heart’s blood* [Lambert McKenna, eag. *Aithdioghlúim Dána II* (ITS, iml. xl, 1940), lch 146]).

¹¹³ ‘bhúr n-údaráis agus bhúr n-uile bhonn-táiste agus mhóirspéis eile an tsaoghail si ar fundameint, bun, taca agus fulang throigh[th]eacha thalmhuin neamhthabhachtaig bhúr mbeatha neamhshuimeamhuil ...’ (Cecile O’Rahilly, eag. *Trompa na bhFlaitheas* [BÁC 1955], lch 225 – leagan Gaeilge a rinne Tadhg Ó Conaill de *La Trompette du Ciel* atá in *Trompa na bhFlaitheas* agus is é a fhaightear sa téacs bunaidh ná *Toutes vos ... autorités, avantages sont fondés sur des pieds de terre ...* [nóta ón eagarthóir ar lch 304]). I ndán ón

Chloinne Tomáis (c. 1615).¹¹⁴ Faightear ‘crobh’ faoi shéimhiú sa ghinideach iolra in amhrán le Uilliam Ó Briain (c. 1700) a d’fhoilsigh Énrí Ó Muirgheasa in *Ambráin na Midhe*.¹¹⁵ Chonaiceamar sampla de ‘guin bhonn’ thuas, agus faighimid ‘goin bhonn is bhas’ i ndán dar teideal ‘San Froinsias: Cara an Éigin’ i lámhscríbhinn ón mbliain 1723.¹¹⁶ Tugtar ‘bean sheingmhéar’ ar an Maighdean Mhuire i ndán uirthi sa chnuasach *Aithdioghluim Dána* a d’fhoilsigh Mac Cionnaith.¹¹⁷

Ag dul suas go dtí an cloigeann dúinn, faighimid an leathlíne ‘eochair bhéal saoithe suairc’ i ndán le hÉamonn de bhFál ar Risteárd Coipinéar (a d’éag ar an 26 Eanáir 1741-2).¹¹⁸ Tagaimid ar shampla de ‘colg dhéad’ sa téacs Nua-Ghaeilge Moiche

16ú haois séimhítear foirm sa ghinideach a bhfuil an chuma uirthi gur leagan de ‘colpaí’ atá inti – ‘A gnúis bhláith go mbriocht toile, / cáruid cholpthadh sneachtoidhe, / tuar maithmhighe a silleadh so, / filleadh ainchríde ionnto’ (Osborn Bergin, *Irish Bardic Poetry* [BÁC 1970], dán 44, rann 9, lch 168 – fch lch 291: *Her smooth face with love-charm, two snowy ankles – the sight of these is an omen of forgiveness, in them is the turning aside of ill-will*; gabhann ‘a caruid’ mar nóta bunleathanaigh le ‘cáruid’ [cf. 2 ‘cara’, *haunch, leg; side* in DIL]; i dtaca le ‘colpthadh’, féach ‘colpthae’ II in DIL, mar a dtugtar an sampla seo a leanas [as *Studies* 1920, 418.24]: ‘gemhel ... / ac snas chúileadh calpthadh’ (*marks the backs of (wrong-doers’) legs*).

¹¹⁴ ‘óir dá mbeinn féin agas duine aguibhse ag buain phutóg a chéile amach, budh annsa liom é ná éinne don aicme uasail’ (N.J.A. Williams, eag. *Pairlement Chloinne Tomáis* [1981], lch 30 – féach lch 89: *for if I and one of you were bashing the guts of each other, I should prefer him to anyone of the aristocracy*). Tá de chuma air gur foirm an ghinidigh iolra de ‘bolg’, arna séimhiú, atá againn sa rann seo a leanas as dán a fhaightear in *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, ‘An sluagh sídhe so i nEamhuin?’: ‘Lasaidh da snúadh magh Macha : / sréin bhreaca bholg n-órdhatha, / loinnear smóil ndata ndoinnshlegh, / slata sróil a séghuinnghreadh’ (Tadhg Ó Donnchadha, eag. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* [BÁC 1931], dán 8, rann 4, lch 94).

¹¹⁵ ‘Bhéarfainn-se mionnaí mo bhéil dá gcreidfidhe mé féin ’sa gcás, / Nach rabhas ’s nach mbainfead go héag le Mailidh na méar chrobh bán’ (Énrí Ó Muirgheasa, eag. *Ambráin na Midhe*, Cuid a hAon [BÁC 1933], rann vi, lch 59; féach *Ambráin Chearbhalláin* (eag. Tomás Ó Máille [ITS xvii, 1916], lch 148): ‘Laige chrobh atá gan alt air bith ná cnáimh / Baint mhaise do bhlá na sméara, / A’s go gcaille mé an lámh dá ngabha mo pháirt, / Go rachainn don Spáinn dod’ bhréagadh’.

¹¹⁶ ‘Goin bhonn is bhas is ochta / fuarais i n-íoc th’umhlochta’ (Cuthbert Mhág Craith, eag. *Dán na mBráthar Mionúr*, iml. i [BÁC 1967], dán 17, rann 33 – *In recompense for your humility, you received the wounds in your feet, hands, and breast* (*op. cit.*, iml. ii [BÁC 1980], lch 40).

¹¹⁷ ‘do gheabh re díon a deibhléan / bean sheingmhéar is cíogh gcorrbhán’ (Lambert McKenna, eag. *Aithdioghluim Dána*, iml. i, dán 87, rann 7, lch 323 – féach iml. ii, lch 200: *This slender-fingered lady of the white round breasts has undertaken to protect her poor clients*; le filleadh anseo ar Nua-Chorpas na hÉireann faighimid tagairt sa chorpas sin do ‘cliath mhéar’ i dtaca le múineadh an cheoil de, ó shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta: ‘Is féidir tacú le foghlaim coincheap teoiriciúil trí amharcshiombaíl agus amharcleideanna (mar shampla lámhchomharthaí, cliath mhéar, áiritheoirí maighnéadacha agus pictiúirí) a úsáid’ – *finger stave* a fhreagraíonn do ‘cliath mhéar’ sa leagan Béarla den leathanach sin ar an suíomh.

¹¹⁸ ‘Is diombádach dona an scéal doilbh géar díoghaltach duairc, / An buinneán sochma

*Bás Cearbhaill agus Farbhlaidhe*¹¹⁹ agus tugann Dáibhí Ó Bruadair ‘plubaireacht phluc’ dúinn i ndán a chum sé thart ar an mbliain 1660.¹²⁰ Faighimid foirm den ghinideach iolra de ‘grua’ faoi shéimhiú i ndán a chum Irial Ó hUiginn idir 1581 agus 1612.¹²¹ Is iad na cluasa a chuirfidh clabhsúr leis an scrúdú seo ar an gcorp¹²² – is leis an abairt ‘Léaghthar ar Labhraidh Loingseach gur cuma chluas gcapaill do bhí ar a chluasaibh’¹²³ a chuir an Tiobraid Árannach Seathrún Céitinn tús lena scéal ar Labhraidh Loingseach sa leagan de stair na hÉireann a scríobh sé thart ar an mbliain 1640.

réidh, eochair bhéal saoithe suairc, / Greadán dochair éag ghoirtigh cléir cill is tuaithe, / Risteárd Coipinéar soilbh séimh sínte in uaigh’ (Risteárd Ó Foghludha, eag. *Cois Caoinreathaighe – Filíocht Éamuinn de bhFál* [BÁC 1946], lch 68).

¹¹⁹ ‘Gabhtar dán Donnchaidh Mhóir ar an seachtmhadh lá 7 tugadh céad dá gach cródh dó 7 céad uinge dá gach monadh 7 eireadh an ríogh féisin 7 a chupa 7 a cholg dhéad’ (Siobhán Ní Laoire, eag. *Bás Cearbhaill agus Farbhlaidhe* [BÁC 1986], lch 46 – tugtar *ivory-hilted sword* ar ‘colg déad’ san innéacs a ghabhann leis an téacs, ar lch 88; is ‘colg déid’, *ivory-hilted sword*, atá in FGB, agus ‘colg’ mar ainmfhocal firinsneach ann; féach, chomh maith, ó thaobh an ghinidigh iolra de ‘déad’ faoi shéimhiú, ‘Má tá caisleáin fhada gheala ’gus iarluigheacht chúghad, / Gheabhair aingir dhéad chailce agus morán púnt’ (as an dán ‘Móra ar Maidin Duit’, le Risteárd Ó Broin, in *The Poets and Poetry of Munster*, eag. Erionnach, BÁC 1860, 2ú sraith – féach an t-aistriúchán le George Sigerson ar lch 167: *If thou’rt heir to an Earl and to long towers white, / Thou’lt get rich maidens plenty to be thy delight*; féach an nóta seo a leanas le John O’Daly, lch 166-7 i dtaca le dáta an dáin: *From the simplicity of the language, it would appear, at least, to be about two or three centuries old if not older*).

¹²⁰ ‘Umha go léir is péatar miotal an mhic, / truidireacht bhéarla pléasca is plubaireacht phluc’ (John C. Mac Erlean, eag. *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair I* [ITS xi, 1910], lch 82 – féach an t-aistriúchán ón eagarthóir ar lch 83: *The metal, of which this fine fellow is made, is but pewter and brass, / With his stammering, jabbering English exploding from blubbering jaws*).


¹²¹ ‘Do-bhér uaim ar an eachsoin, / ó tá orm d’uireasbhoigh, / do bhreith ghealghruadh gan ghoradh, / teannluagh a eich dh’adhmholadh’ (Lambert McKenna, eag. *The Book of O’Hara – Leabhar Í Eadhra* [BÁC 1951], dán 15, rann 9, lch 180 – fch lch 181: *In return for the horse I so need I will give thee its full value in eulogy, and so save thy bright cheeks from scorching* [cf. san fhoclóir ar lch 414 aistrítear ‘do bhreith ghruadh gan ghoradh’ mar *to preserve cheeks from scorching*]).

¹²² Níor mhiste ‘Droim Chliabh’ i gContae Shligigh a chur mar eireaball leis an gcorpas sin thuas; cé go dtugtar *ridge of the baskets* (Deirdre agus Laurence Flanagan, *Irish Place Names* [BÁC 2002], lch 205) nó *the hill ridge of baskets* (P. W. Joyce, *The Origin and History of Irish Names of Places* [BÁC 1883], lch 198, mar shampla) mar aistriúchán litriúil Béarla air, is ionann an ‘cliabh’ sin agus ‘cliabh’ an choirp agus faightear samplaí den dá bhrí sin faoin aon cheannfhocal amháin ‘cliabh’ in FGB, mar shampla.

¹²³ Osborn Bergin, eag. *Stories from Keating’s History of Ireland* (BÁC 1930), lch 1, scéal 1, línte 1-2 – fch Patrick S. Dinneen, eag. *Foras Feasa ar Éirinn II* (ITS viii, 1908), lch 173: *We read of Labhraidh Loingseach that his ears were like those of a horse* (aistriúchán ar a eagránas den abairt tosaigh sin: ‘Léaghthar ar Labhraidh Loingseach gurab cuma chluas gcapall do bhí ar a chluasaibh’ [lch 172]); cf. ‘Nuair a bhí torann na gcapall imthighthe ó éisteacht chluas Chunglaigh’ (*Triúr Claimne na Bárd-Sgolóige – Sean-sgéal ó Thír Amhalgadh*, Micheál Mhag Ruaidhrí a d’inis, curtha in eagar ag Seosamh Laoide, lch 20 [1914]).

Beacha

Ar deireadh anseo, faighimid léiriú deas ar riail an Chaighdeáin Oifigiúil gona hidirdhealú, i dtaca leis an séimhiú de, idir cnuasainmneacha agus ainmfhocail nach cnuasainmeacha iad ach breathnú ar na samplaí den ghinideach iolra de ‘beach’ a fhaightear i bhFoclóir Uí Dhónaill. Ar láimh amháin áirítear ‘púir beach’,¹²⁴ ‘saithe beach’,¹²⁵ ‘scaoth beach’¹²⁶ agus ‘scuaine beach’¹²⁷ ann – is é sin, gan aon séimhiú sa ghinideach iolra i ndiaidh cnuasainm – agus, ar an láimh eile, mar a chonaiceamar sa liosta roimhe seo thuas, áirítear ‘céir bheach’, ‘coirceog bheach’, ‘geoin bheach’¹²⁸ agus ‘mil bheach’, gona séimhiú, ann.



‘saithe beach’

Agus ní hamhlaidh nach bhfuil anseo ach Foclóir Uí Dhónaill ag cloí le riail an Chaighdeáin Oifigiúil – faighimid ‘mil bheach’, cuir i gcás, san amhrán ‘Brídín Phádraig’ in *Amhráin Ghaeilge an Iarthair*¹²⁹ agus san amhrán as Uíbh Ráthach ‘Do bhéarfainn comhairle d’fhearaibh óga’;¹³⁰ ar an gcuma chéanna, faightear ‘mil bheach’ in amhrán a chuirtear i leith ‘cailín’ in *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* agus faightear ‘céir bheach’¹³¹ in amhrán eile as Cúige Uladh, ‘An Cailín Donn’,¹³² chomh maith.

¹²⁴ *swarm of bees* in FGB – féach go dtugtar ‘púir dheataigh’, *smoke streaming from chimney, pother (of smoke)*, faoin gceannfhocal céanna ‘púir’² in FGB.

¹²⁵ Tugtar ‘saithe cuileog’, *swarm of flies*, ‘saithe bacach’, *swarm of beggars*, agus ‘saithe saighthead’, *shower of arrows*, i dteannta ‘saithe (beach)’, *swarm of bees*, in FGB – tabhair do d’aire go n-áirítear leagan malartach firinsneach de ‘saithe’, chomh maith, in FGB.

¹²⁶ Tugtar ‘scaoth cuileog’, *swarm of flies*, in FGB, chomh maith.

¹²⁷ *swarm of bees (in flight)* in FGB.

¹²⁸ Mar a chonaiceamar roimhe seo thuas, tugtar *drone of bees* ar ‘geoin bheach’ in FGB, mar a bhfaightear ‘geoin ghadhar’, *cry of beagles*, chomh maith.

¹²⁹ ‘Is milse blas a béil tais ná mil ag sileadh as céir-bheach’, in ‘Brighid’ín Phádraig’, ar lch 51 d’*Abhráin Ghaedhilge an Iarthair, an Chéad Chuid* (BÁC 1906), bailithe ag Mícheál Ó Tiománaidhe – amhrán as Maigh Eo atá anseo, dar le James Hardiman, *Irish Minstrelsy*, Iml. 1 (1831 [1971]), lch 323; cf. ‘Is milse póg Bhrighdeach ’ná uisce Loch’ Éirne ar fad; / Ná an chéad sgoth de’n chruithneachta, ’s í fuinte as súgh mil bheach’ (*An Fíbín* [1905], lch 3, arna chur in eagar ag Colm Ó Gaora [an chéad chuid – seachnuasach amhrán ó Chonamara], ‘An Gruagach Bán’ a bhailigh, lch 67), agus ‘Is míse póg Bhídí ná uisce Loch’ Léin ar fad / Ná an chéad rith chun gcuirneacht ’s í bheith fuinte le céir-mhil bheach’ (‘Saighdiúirín Singil’, in *Tonn Tóime* [1915], lch 32, curtha in eagar ag Seosamh Laoide).

¹³⁰ *Smóilín na Rann* (BÁC 1908), cnuasach seanrócán arna chur in eagar ag Fionán Mac Coluim, lch 55.

¹³¹ ‘A ansacht ’á dtiocfá agus ’á n-éalóchá liom / Bhéarfainn mil bheach dhuit agus siúchra donn’ (amhrán dar teideal ‘Chan codladh mo chodladh’ in *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*, eag. Énrí Ó Muirgheasa [BÁC 1934], lch 97).

¹³² ‘Bhí mil ar bharr na gcaobh ann agus céir bheach ag bun na gcrann’ (*An Uiseog* [1905], dornán amhrán as Cúige Uladh, le Donnchadh Ó Searcaigh, lch. 320).



'Is milse póg Bhidí ... ná sgoth na mine cruithneachta fuinte as úir-mhil mheach' (Cearbhallán)

Ag dul siar dúinn ó thaobh na staire de, i leagan den amhrán grá 'Plúr na mban donn óg', atá curtha in eagar as lámhscríbhinní ó thart ar lár an 19ú haois, deir an fear atá ag tabhairt cuiridh don bhean óg imeacht leis: "Dá dtiocfása liomsa go Contae Liatroim, / a phlúr na mban donn óg, / bhéarfainn mil bheach is meadh mar bhia dhuit".¹³³ Deir Aodh Mac Domhnaill (a rugadh in oirthuaisceart na Mí i dtús an 19ú haois), i ndán tírghrách leis, 'Éirinn a Rúin': 'Thig mil bheach is uachtar anuas san oích', / Ar chuisseogaí 's ar luachair mar dhriúcht ar gach dlaoi / De luibheanna nár buaileadh le tuarghnadh gaoth'.¹³⁴ In amhrán ar bhean as Iar-Chonnachta a chuirtear i leith Chearbhalláin (amhrán a fhaightear i lámhscríbhinn ón mbliain 1826), cantar gur 'milse póg Bhidí ... ná sgoth na mine cruithneachta fuinte as úir-mhil mheach'.¹³⁵ Ag cur síos dó ar chúirt Ráth hÁrluin i ndán leis atá foilsithe ag Seosamh Ó Laoidhe in *Duanaire na Midhe*, deir Uilliam

¹³³ Tomás Ó Concheanainn, eag. *Nua-Dhuanaire*, Cuid 3 (BÁC 1978), lch 40 – féach James Hardiman, *Irish Minstrelsy*, Iml. 1 (1831 [1971]), lch 258 ar lean., mar a bhfaightear 'A Uileacáin Dhuibh O' in áit 'a phlúr na mban donn óg'; tugann Hardiman *The song of Sorrow* ar an amhrán seo agus cuireann sé síos mar a leanas air (lch 351-2): *The words were composed by one of the unfortunate sufferers expelled from Ulster, in the reign of James I, when almost the entire of that province was confiscated, and planted with English and Scotch adventurers. They were addressed by the exile to his mistress, to induce her to accompany him to Conaught, but she seems to have been adverse to his suit.*

¹³⁴ Colm Beckett, eag. *Aodh Mac Domhnaill: Dánta* (BÁC 1987), lch 27.

¹³⁵ Tomás Ó Máille, eag. *Amhráin Chearbhalláin* (ITS xvii, Londain 1916), lch 233.

Buidhe Ó Ciaráin (†1766) go mbíonn ‘Mil bheach is céir is togha gach gráinne ann’,¹³⁶ agus, in Oirghialla, i ndán dar teideal ‘Ar mhala Droma Crí’,¹³⁷ tráchtann Peadar Ó Doirnín (†1769) ar ‘mil bheach is céir’,¹³⁸ chomh maith.

Ag bogadh ó dheas dúinn, i ndán a chum Diarmuid Ó Súilleabháin tar éis d’Aogán Ó Raithille Gleann Fleisce a mholadh, dúirt sé: ‘Tá gleann ag an *Major* ’s is féidir é mholadh / Bíd ubhall-ghortaí méithe ann ag claonadh le torthaibh / Mil bhuidhe is céir bheach is féile ’n-a bhfochair’.¹³⁹ Ag imeacht go Múscraí dúinn, i ndán leis a cumadh thart ar an mbliain 1760, ‘Aréir is mé im aonar’, deir Dáibhí mac Phádraig Ó hIarlaithe: ‘Bhí son-friotal déithe cois abhann sa ghaorthadh / Is fannghuth na n-éanlaith go binn; / Togha tortha ar ghéagaibh, gan dabht mil is céir bheach’.¹⁴⁰

I gcomhthéacs na samplaí sin thuas de ‘céir bheach’ in amhráin agus i ndánta, ní aon ionadh go luaitear go raibh ‘mil bhúí agus céir bheach’ ag an aos sí sa Sí.¹⁴¹ Ní aon ionadh, ach oiread, go n-úsáidtear ‘céir bheach’ agus an bhrí ‘rogha agus togha’ leis – ‘Éigias is céir bheach na n-eol’ a thug Seán Ó Tuama an Ghrinn ar Sheán Clárach Mac Domhnaill ar an 7 Eanáir 1754, ar éag dá chomhfhile,¹⁴² agus tugadh ‘céir bheach’ na Muimhneach ar an Tuamach féin, ar éag dósan sa bhliain 1775.¹⁴³ Léiríonn Amhlaoibh Ó Súilleabháin, in iontráil ina chín lae don

¹³⁶ ‘Bíonn an lacha, an gé is an pháicóg álainn, / Is an eala dheas ghléigeal i mbéal an tsámha, / An choraidh ag gabhail éisg fá phárlus, / Mil bheach is céir is togha gach gráinne ann’ (Seosamh Laoide, eag. *Duanaire na Midhe* [BÁC 1914], lch 23).

¹³⁷ Droim Crí (Críche) in aice le Lurgain atá i gceist.

¹³⁸ Seán de Rís, eag. *Peadar Ó Doirnín: a bheatha agus a shaothar* (BÁC 1969), lch 5, líne 45.

¹³⁹ Risteárd Ó Foghludha, eag. *Cois na Ruachtaighe* (BÁC 1938), lch 25.

¹⁴⁰ Diarmaid Ó Muirthe, eag. *Cois an Ghaorthaidh* (BÁC 1987), lch. 13 – is mar seo a leanas a thosaíonn an t-aistriúchán fileata Béarla a rinne George Sigerson ar leagan den rann sin in *The Poets and Poetry of Munster* (eag. Erionnach [BÁC 1860], lch 49): *Where that river rejoices / Float the gods’ voices, / And the birds’ mellow music rings clear.*

¹⁴¹ I suantraí a bhreac George Petrie síos ó bhean as Luimneach, deir bean a raibh an t-aos sí tar éis í a fhuadach agus a thabhairt go Lios an Chnocáin: ‘Seo é annso mo theagh mór maiseach, / Seo hú léó, seo hú léó, / As iomdha leann úr agus leann sean ann, / Seo hú léó, seo hú léó, / As iomdha mil bhuidhe agus céir bheach ann, / Seo hú léó, seo hú léó’ (George Petrie, *Ancient Music of Ireland* [BÁC 1855], lch 74).

¹⁴² ‘Éigias is céir bheach na n-eol / Ár bpríomh-fhile óir-bheartach árd / Do réidhfheadh gach daor-cheast gan tóbhacht / Dár scríobhadh in eolas na bhfáidh’ (Risteárd Ó Foghludha, eag. *Éigse na Máighe* [BÁC 1952], lch 138).

¹⁴³ ‘Céadar is craobh ghlas na Muimhneach, / Is téad-bharc ar taoide sa lá, / A gcéir bheach, a n-aon-tslat gan críonadh, / A gcaomh-ghath ’s a gcaoiseach i ngábhadh’ (*ibid.*, lch 173 – as dán le Uilliam Ó Lionáin, táilliúir as Ciarraí); i dteannta *bees’ wax* áiríonn an Duinníneach an bhrí *what is choice or perfect* ar bhríonna ‘céir bheach’ agus tagraíonn sé don líne seo a leanas as dán le hAogán Ó Rathaille: ‘céir bheach is pEARLA na Muimhneach’ (aistríonn an Duinníneach an líne mar *the choice and pearl of the men of Munster* agus tugann sé an

Satharn, an dara lá fichead de mhí na Féile Michíl, 1827, ina dtráchtann sé ar cheirín a rinne sé de chéir ‘bheach’ do chois a mhic, Amhlaoibhín, go bhfaightear séimhiú ar ‘beach’ ar lorg ‘céir’, chomh maith, nuair nach bhfuil brí mheafarach i gceist, ná comhthéacs na filíochta nó na hamhránaíochta le cur san áireamh.¹⁴⁴ Agus, le sampla den séimhiú ar ‘beach’ ar lorg ainmfhocail seachas ‘céir’ nó ‘mil’ a thabhairt anseo, mar shampla den séimhiú ar ‘beach’ ar lorg ainmfhocail fhrinscnigh iolra sa traidisiún liteartha, i ndán do Philib Ó Raghallaigh (a d’éag sa bhliain 1596), tráchtar ar ‘bric gheala ar na grianshrothuibh, / is nid bheach ’gā mbéultomhuilt’.¹⁴⁵

Is amhlaidh, fiú, go bhfaightear samplaí den séimhiú ar ‘beach’ ar lorg cnuasainm i litríocht na Gaeilge sa séú, seachtú agus ochtú haois déag – faightear samplaí de ‘saithe bheach’ fiú, chomh maith le ‘saithe beach’, sa litríocht sin. I scéal rómánsaíochta a cumadh sa 16ú haois maítear go raibh na saigheada a caitheadh ‘amhail cheatha falcmhara fíor-chrúaidhe fearthana, nó mur shaitheche bhríoghmhar bhúan-neimhneach bheach ós beach-losaibh’.¹⁴⁶ In aistriúchán an Dr Uilliam Bedel ar *Breithiúna* 14:8 sa bhliain 1685 faightear ‘do ghabh sé do leath-tháoiuibh dféachuin chonablaich an leóin: 7, féach, [do bhí] saithe bheach 7 mil a cconablach an leóin’.¹⁴⁷ Agus, mar shampla scoir, tagraíonn Aogán Ó Rathaille mar seo a leanas do ‘scaoth bheach’ i ndán a chum sé ar phósadh Thiarna Chinn Mhara sa bhliain 1720: ‘Táid scaoth bheach ag túrling ar ghéagaibh is úrghlas, / Tá féar agus drúcht ar na mongaibh / Ó’s céile dhon mBrúnach í Réilteann na Mumhan’.¹⁴⁸

nath (íorónta) Muimhneach ‘tá sé ’na chéir bheach agat’, chomh maith, nath a aistríonn sé mar *you have made confusion of the thing*.

¹⁴⁴ ‘La breagh greine. Chuadhas leis an /t-/Ollamha[i]n Ceiting go Doirin. Chonarcamar naosgach ar an bPollach. Do rinneas ceiridhe de ceir bheach, blonoc leighte na Ruisia [Ruise], agus ola bhighe do choisin Amhlaoibhín, noch ata sgólta go mor.’ (Michael McGrath, eag. *Cinnlae Amhlaoibh Uí Shúilleabháin*, Cuid 1 [ITS, Iml. xxx, Londain 1936], lch 130).

¹⁴⁵ James Carney, eag. *Poems on the O’Reillys* (BÁC 1951), lch 7, líne 163-4 – aistríonn an t-eagarthóir na línte thuas mar a leanas, ar lch 187: *trout in the gravelly streams, and nests of bees being eaten* (is iad na cíora meala atá i gceist anseo, de réir DIL).

¹⁴⁶ *Imtheacht an Dá Nónbhar agus Tóraigheacht Taise Taoibhghile*, eag. Máirín Ní Mhuirgheasa, BÁC 1954, lch 118.

¹⁴⁷ Uilliam Bhedel, *Leabhuir an tSean-Tiomna*, BÁC 1827 – cf. ‘A n-aimsir bhig dá éis sin ar mbeith dhó ag dul san mbealach chédna do-chuaidh ag amharc ar an leómhan marbh, 7 ar bhfaicsin chonoblaigh an leómhain do-chonnairc sgaoi bheach ag éirghidh as a bhrághaid, 7 fuair mil ann’ (*Stair an Bhíobla* II, eag. Máirín Ní Mhuirgheasa, BÁC 1942, lch 175, ó lámhscríbhinn a scríobhadh thart ar 1726).

¹⁴⁸ *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille*, eag. Patrick S. Dinneen agus Tadhg O’Donoghue, Londain 1911 (ITS III), lch 172 – féach an t-aistriúchán seo a leanas ón Duinníneach, lch 173: *Bees in swarms cluster on boughs fresh and green, / Grass and dew are on the meads, / Since Brown has espoused the Star of Munster*.

Achtanna an Oireachtais

Ach amháin i gcás an ghinidigh iolra i ndiaidh cnuasainm, den chuid is mó,¹⁴⁹ faightear séimhiú sna hAchtanna le blianta fada anuas ar an nginideach iolra ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha. Má thógaimid ceann d'eiseamláirí nua an Chaighdeáin Athbhreithnithe, 'traein paisinéirí', féach go bhfaightear 'long phaisinéirí' in Acht ón mbliain 1966.¹⁵⁰ In Acht a achtaíodh an bhliain chéanna ar foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil – Acht Tionscail na gCon, 1958 – tagraítear do 'cúrsáil chon',¹⁵¹ 'rásaíocht chon'¹⁵² agus 'tréineáil chon',¹⁵³ chomh maith le 'aithint chon folaíochta',¹⁵⁴ agus faighimid 'socraíocht chuntas'¹⁵⁵ agus 'dleacht ghluaisteán'¹⁵⁶ in Achtanna eile fós ón mbliain sin 1958.

Ó foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe fiú, faightear samplaí sna hAchtanna i gcónaí den ghinideach iolra faoi shéimhiú, ós rud é go bhfuil na téarmaí atá i gceist chomh bunaithe sin sna fasaigh. Tá 'Cáin Ghnóchan Caipitiúil'¹⁵⁷ mar cheannteideal ar Chuid I den Acht Airgeadais, 2013, mar shampla, le gan ach

¹⁴⁹ Féach an tagairt do 'sraith fhorhmhuinithe' ar ball thíos, mar shampla.

¹⁵⁰ 'a chumasaíonn long phaisinéirí a choinneáil go dtí go dtabharfar deimhniú den sórt sin ar aird', *which enables a passenger ship to be detained until such a certificate is produced* (alt 19(1) den Acht Loingis Cheannaíochta, 1966) – faightear 'traen phaisinéara' ar *passenger train* san *Oireachtas Dictionary of Official Terms* agus an nod do Bhuan-Orduithe Thithe an Oireachtais mar thagairt leis.

¹⁵¹ *coursing of greyhounds* (alt 43(2) d'Acht Tionscail na gCon, 1958) – cf. 'chun ... cúrsáil chon a fheabhsú', *for the improvement ... of greyhound ... coursing* (alt 16(1)(vi) den Acht céanna).

¹⁵² *greyhound racing* (alt 43(2) den Acht thuas) – tabhair do d'aire, áfach, go bhfaightear 'an tAcht um Rásaíocht Capall agus Con (Táillí agus Tobhaigh Ghealltóireachta), 1999' mar theideal an Achta áirithe sin, ach má théimid siar sna hAchtanna, is amhlaidh go dtagraítear do 'rásaíocht chapall' in Acht ón mbliain 1945: 'chun aon chríche eile ... do raghadh chun rásaíocht chapall d'fheabhsú', *for ... any other purpose ... conducive to the improvement of horse-racing* (alt 16(1)(c) den Acht um Bord Rásaíochta agus Rás-Chúrsaí, 1945).

¹⁵³ *the training of greyhounds* (alt 37 d'Acht Tionscail na gCon, 1958) – cf. 'no más coimhlint chon ... an ní is abhar don gheall', *or the event which is the subject of the bet is a greyhound coursing contest* (alt 24(1) den Acht Airgid, 1926).

¹⁵⁴ 'sonraí i dtaobh síolrú agus aithint chon folaíochta', *particulars in respect of the breeding and identification of thoroughbred greyhounds* (alt 14(1) sa Sceideal a ghabhann le hAcht Tionscail na gCon, 1958) – is amhlaidh, chomh maith, go bhfaightear séimhiú ar an nginideach iolra de 'cú' ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha d'ainmfhocail frinscneach in alt 22(1) den Acht sin, is é sin, 'ceadúnas rás-riain chon', *a greyhound race track licence* (cf. Caibidil 13 thíos).

¹⁵⁵ 'Déanfaidh an Chorparáid socrú i dtaobh stoc caipitil an Rialtais sin a athcheannach mar chuid den tsocraíocht chuntas leis an rialtas sin', *The Corporation shall arrange for the repurchase of such government's capital stock as a part of the settlement of accounts with it* (alt 4 d'Airteagal v sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um an gCorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta, 1958).

¹⁵⁶ 'Dleacht ghluaisteán', *Motor car duty* (teideal taoibhe alt 15 den Acht Airgeadais, 1958).

¹⁵⁷ *Capital Gains Tax*.

tagairt amháin don téarma sin san Acht sin a lua,¹⁵⁸ ar téarma é atá le fáil i dteideal Achta ó 1975 ('An tAcht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975'),¹⁵⁹ chomh maith, agus i gcorp Achtanna ón mbliain sin i leith. Is mar a chéile é i gcás 'Cáin Fháltas Caipitiúil', atá mar cheannteideal ar Chuid 5 den Acht Airgeadais, 2013,¹⁶⁰ agus ar téarma é atá le fáil sa teideal 'An tAcht um Cháin Fháltas Caipitiúil, 1976',¹⁶¹ agus i gcorp Achtanna ó shin i leith. Faightear 'cáin bhrabús corparáide' san Acht Airgeadais, 2007,¹⁶² agus, sa chás sin, is téarma é a fhaightear sna hAchtanna ón mbliain 1945 i leith.



Má bhreathnaímid ar na Cúirteanna, tagraítear do 'oifig chúirteanna chomhcheangailte' in Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2009.¹⁶³ Sa bhliain 1998 ritheadh 'an tAcht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998'.¹⁶⁴ Le cúpla sampla a bhaineann le réimsí eile a thabhairt anseo, tagraítear do 'cuideachta mhuinisean' in Acht ón mbliain 2008¹⁶⁵ agus do 'gáinneáil mhótarfheithiclí' in Acht ón mbliain 2006.¹⁶⁶ Sa bhliain 1967 ritheadh 'an tAcht um Chinsireacht Fhoilseachán, 1967'.¹⁶⁷ Faightear 'sraith fhor-

¹⁵⁸ Tá sé mar cheannteideal ar Chaibidil 4 agus ar Chaibidil 6 den Acht sin, chomh maith, agus tá go leor samplaí eile de tríd an Acht.

¹⁵⁹ *The Capital Gains Tax Act, 1975*.

¹⁶⁰ *Capital Acquisitions Tax*.

¹⁶¹ *The Capital Acquisitions Tax Act, 1976*.

¹⁶² 'cáin chorparáide i leith ioncain ... (nó ... cáin bhrabús corparáide)', *corporation tax in respect of income ... (or ... corporation profits tax)* (alt 826(1)(a)(i)(II) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna ionadú le halt 35(1)(a) den Acht Airgeadais, 2007) – cf. 'ciallaíonn "cáin" ... cáin bhrabús corparáide, cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil nó cáin bhreisluacha', "*tax*" means ... *corporation profits tax, corporation tax, capital gains tax or value-added tax* (alt 72(1)(a) den Acht Airgeadais, 1988).

¹⁶³ *a combined courts office* (alt 23(1)(b) den Acht).

¹⁶⁴ *The Courts Service Act, 1998*.

¹⁶⁵ 'ciallaíonn "cuideachta mhuinisean" cuideachta atá ag gabháil do mhuinisin thoirmiscthe ... a mhonarú', "*munitions company*" means *a company involved in the manufacture of prohibited munitions* (alt 11 den Acht um Chnuas-Mhúinisín agus Mianaigh Fhrithphearsanra, 2008).

¹⁶⁶ 'ceannaíocht i ndaoine agus gáinneáil mhótarfheithiclí goidte a chosc agus a chomhrac', *to prevent and combat ... trade in human beings and motor vehicle crime* (an chéad fhomhír de mhír (2) d'Airteagal 2 den Choinbhinsiún Europol, arna leasú le hAirteagal 1(1)(a) den Phrótacal sa Deichiú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Europol, 1997, arna chur leis an Acht sin le halt 4 den Acht um Europol (Leasú), 2006).

¹⁶⁷ *the Censorship of Publications Act, 1967* – ritheadh 'an tAcht um Chinsireacht Fhoilseachán, 1946', bliain is fiche roimhe sin; féach, áfach, 'An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán', *the Censorship of Publications Appeals Board*, agus 'An Bord

mhuinthe' in Acht ón mbliain 1961,¹⁶⁸ cé go mba dhóigh le duine go dtiocfadh sin faoi riail an Chaighdeáin Oifigiúil maidir leis an easpa séimhithe i ndiaidh cnuasainm. Agus, ar deireadh anseo, is 'beirt bhan' a fhaightear sa Chaighdeán Oifigiúil agus sna hAchtanna araon¹⁶⁹ – agus sa chaibidil ar na huimhreacha sa Chaighdeán Athbhreithnithe féin.¹⁷⁰

Díshéimhiú ar lorg an ainmfhocail fhirinscnigh iolra

Mar a dúramar i dtús na caibidle seo, leagtar síos sa Chaighdeán Athbhreithnithe go bhfuil an séimhiú le baint den ainmfhocal iolra sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal firinscneach iolra dar críoch consan caol, mar atá sé le baint den ainmfhocal iolra atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha. Dá réir sin, i dteannta 'glac tairní', 'traein paisinéirí' agus 'scoil cailíní', a thugtar mar eiseamláirí den ghinideach iolra ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, mar a chonaiceamar thuas, tugtar 'umair capall' agus 'fiosrúcháin custaiméirí' sa Chaighdeán Athbhreithnithe mar eiseamláirí den ghinideach iolra ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra. Ar ndóigh, glacadh leis go dtí seo, faoin gCaighdeán Oifigiúil, go mbeadh séimhiú ar chonsan inséimhithe ar lorg leithéidí 'umair' agus 'fiosrúcháin' agus is amhlaidh go bhfaightear samplaí de 'umair chapall'¹⁷¹ agus 'fiosrúcháin chustaiméirí'¹⁷² féin ar an idirlíon, agus go bhfaighimid sampla den

um Chinsireacht Foilseachán', *the Censorship of Publications Board*, araon, sa Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 – díreofar i gCaibidil 15 ar dhíshéimhiú ainmfhocail dar tús 'f'.

¹⁶⁸ 'féadfaidh an príomhdhochtúir oifigiúil, trí fhorhmuiniú ar an ordú, an tréimhse sin a fhadú tréimhse eile nach faide ná sé mhí, nó, trí shraith fhorhmuinthe ar an ordú, an tréimhse sin a fhadú tréimhse eile nach faide ná sé mhí aon tréimhse áirithe acu agus nach faide ná sé mhí a n-íomlán le chéile', *the chief medical officer may by endorsement on the order extend the said period by a further period not exceeding six months, or by a series of endorsements on the order extend the said period by further periods each of which shall be less than six months and the aggregate of which shall not exceed six months* (alt 189(1)(a)(i) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945, arna ionadú le halt 18(1) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1961) – cf. fo-alt (2) den alt sin 189, arna leasú: 'mar fhorhmuiniú nó sraith fhorhmuinthe a rinneadh de bhua fho-alt (1) den alt seo', *as an endorsement or series of endorsements made by virtue of subsection (1) of this section*.

¹⁶⁹ 'beidh ar an gCoimisiún cúigear ball ... agus beidh ar an gcúigear san beirt bhan ar a laighead', *the Commission shall consist of five members ... of whom at least two shall be women* (alt 9(2) den Acht chun Pragsanna do Rialú, 1932).

¹⁷⁰ Is amhlaidh go n-áirítear 'beirt' agus 'dís' faoin gceannteideal 'Ginideach Aidiachtach – Séimhiú' sa Chaighdeán Athbhreithnithe, mar a ndeirtear fúthu: 'glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal a chuirtear leis an dá ainmfhocal seo mar cháiliú orthu:– *beirt bhan, beirt chigirí, dís fhear, dís bhreithiúna*.'

¹⁷¹ 'ráillí, geataí, ... boscaí poist, comharthaí sráide, suíocháin, ... caidél uisce, umair chapall ... agus troscáin sráide eile' (www.waterfordcoco.ie/en/media/planning/.../caibidil_8-timpealacht.doc).

¹⁷² Mar shampla, 'Déantar fiosrúcháin chustaiméirí a chatagóiriú de réir an chórais chaighdeánaigh chatagóirithe glaonna a úsáidtear ar fud an líonra' (www.citizensinformation)

séimhiú ar ‘capall’ agus é faoi réir ag ainmfhocal firinsneach dar críoch consan caol sa ghinideach uatha i tdeideal Acht Uimh. 8 de 1990, ‘an tAcht Síolrúcháin Chapall, 1990’.¹⁷³ Tagraítear do ‘galtáin phaisinéirí’ in Acht ón mbliain 2010, mar a dhéantar in Achtanna ó bhlianta roimhe sin,¹⁷⁴ agus faighimid tagairtí do ‘ceadúnais phaisinéirí’¹⁷⁵ agus ‘ticéid phaisinéirí’¹⁷⁶ sna hAchtanna, chomh maith.

Ag díriú dúinn ar fhocail eile sna hAchtanna seachas cinn a fhaightear in eiseamláirí an Chaighdeáin Athbhreithnithe, is sampla aithnidiúil den ghinideach iolra arna shéimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol é ‘Oifigigh Chustam’.¹⁷⁷ I gcás an ghinidigh iolra de ‘custam’, faightear leithéidí ‘doiciméid

board.ie/about/.../annual_report2012_GA.pdf).

¹⁷³ *The Horse Breeding Act, 1990* – Acht lena n-aisghairtear ‘an tAcht Síolrúcháin Chapall, 1934’; cf. ‘iomlán na feola capaill agus an scartaigh chapall ... a heasportálfar amach as Saorstát Éireann’, *all horse-flesh and offals of horses exported from Saorstát Éireann* (alt 40(5) den Acht Tora Talmhaíochta (Feoil Úr), 1930) – cf. Caibidil 13 thíos.

¹⁷⁴ ‘galtáin phaisinéirí’, *passenger steamers* (alt 10(2) den Acht Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiún Sábháltachta), 1952, arna ionadú le halt 7(1) den Acht Loingis Cheannaíochta, 2010) – cf. ‘Pleananna um rialú damáiste agus eolas cobhsaíochta do ghaltáin phaisinéirí’, *Damage control plans and stability information for passenger steamers* (teideal taoibhe alt 9 den Acht Loingis Cheannaíochta, 1966), agus ‘Suirbhéireacht mhodhnuithe ar ghaltáin phaisinéirí’, *Modified survey of passenger steamers* (teideal taoibhe alt 29 den Acht Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiún Sábháltachta), 1952); agus féach an séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha in ‘Beidh éifeacht ag forálacha ailt 280 agus 282 den *Merchant Shipping Act, 1894*, maidir le haon deimhniú is féidir a eisiúint faoin Acht seo mar atá éifeacht acu maidir le deimhniú galtáin phaisinéirí’, *The provisions of sections 280 and 282 of the Merchant Shipping Act, 1894, shall have effect in relation to any certificate which can be issued under this Act as they have effect in relation to a passenger steamer’s certificate* (alt 27(3) den Acht Loingis Cheannaíochta (Ualachlínite), 1968).

¹⁷⁵ ‘go bhféadfaidh daoine ar mian leo ród-sheirbhísí eile a chur ar fáil ceadúnais phaisinéirí faoin Acht um Iompar ar Bhóithre, 1932, ... a iarraidh’, *that applications for passenger licences under the Road Transport Act, 1932, ... may be made by persons desiring to provide alternative road services* (alt 19(5) den Acht Iompair, 1958).

¹⁷⁶ ‘Dlífidh iompróir an dleacht máil ... a íoc maidir le ticéid phaisinéirí arna n-eisiúint aige féin nó ag duine eile ... thar a cheann’, *A carrier shall be liable for payment of the duty of excise ... in respect of passenger tickets issued by him or issued by another person ... on his behalf* (alt 65(4)(a) den Acht Airgeadais, 1982).

¹⁷⁷ ‘Oifigigh chustam’, *Customs officers* (Cuid IV de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtuil, 2007); cf. ‘Rialacháin maidir le hoifigigh chustam agus máil’, *Regulations regarding officers of customs and excise* (teideal taoibhe alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996), agus ‘Oifigigh Chustam do chur leabhar faoi bhráid an Bhuird Chinsireachta’, *Reference of books to the Censorship Board by Customs officials* (teideal taoibhe alt 5 den Acht um Chinsireacht Fhoilseachán, 1946); mar a tharlaíonn, is mar ‘Oifigigh Chustaim’ a aistríodh *Customs Officers* ar dtús sa reachtaíocht (in alt 65 den Ordú atá sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Daingnithe Orduithe Shealadaigh um Piara agus Cuan, 1929); faightear ‘oifigigh Custam agus Máil’ ar *officers of Customs and Excise* in alt 59(a)(iv) den Acht Sláinte, 1947 (cf. alt 31(2)(b): ‘socrú a dhéanamh chun oifigigh Custam agus Máil dá bhforfheidhmiú agus dá bhforghníomhú’),

chustam’,¹⁷⁸ ‘foirgnimh chustam’,¹⁷⁹ ‘muirir chustam’,¹⁸⁰ ‘rialacháin chustam’,¹⁸¹ ‘taraif chustam’¹⁸² agus ‘údaráis chustam’¹⁸³ sna hAchtanna, chomh maith.¹⁸⁴ Agus i dtaca le ‘oifigigh’ de, faightear leithéidí ‘oifigigh bhargas’¹⁸⁵ agus ‘oifigigh bhord’,¹⁸⁶ mar aon le ‘oifigigh shainghníomhaireachtaí’¹⁸⁷ agus ‘oifigigh bhallstát eile’.¹⁸⁸ Féach, chomh maith, ‘tuarastail bhanc-oifigeach’.¹⁸⁹ Le samplaí d’ainmfhocail atá

provide for their enforcement and execution by officers of Customs and Excise).

- ¹⁷⁸ ‘na doiciméid chustam iomchuí’, *the relevant customs documents* (alt 6A(6)(a)(iii) den Acht Cánach Breisluacha, 1972, arna chur isteach le halt 122 den Acht Airgeadais, 1999).
- ¹⁷⁹ ‘Foirgnimh chustam’, *Customs ... buildings* (Cuid IV den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2007); faightear ‘láithreáin chustam’ in *Iris an Phoist*, 30/3/1927, de réir an *Oireachtas Dictionary of Official Terms*.
- ¹⁸⁰ ‘muirir chustam chomhéifeachta’, *customs ... charges having equivalent effect* (alt 1 den Acht Saorhort, 1986); cf. ‘díolúine ó dhleachtanna custam agus ó mhuirir chustam’, *exemption from customs duties and charges* (alt 3(5) den Acht Aerloingseoireachta (Eurocontrol), 1963).
- ¹⁸¹ ‘Rialacháin chustam maidir le smuigléireacht’, *Smuggling, customs regulations* (Cuid IV den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2007) – le sampla a thabhairt as na hIonstraimí Reachtúla, féach ‘na Rialacháin Chustam (Tír-Theorainn), 1978’, *the Customs (Land Frontier) Regulations, 1978* (I.R. Uimh. 324 de 1978).
- ¹⁸² *Customs tariff* (Cuid IV den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2007).
- ¹⁸³ ‘á malartú idir údaráis chustam’, *exchanged between customs authorities* (alt 109B den Acht Airgeadais, 2001, arna chur isteach le halt 93(1)(o) den Acht Airgeadais, 2010).
- ¹⁸⁴ Ó thaobh an ghinidigh ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, faightear ‘dleacht chustam’ sna hAchtanna – m.sh., ‘chun íoc as aon dleacht (cibé acu dleacht chustam nó dleacht máil)’, *in payment of any duty (whether of customs or excise)* (alt 32(6)(a) den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1988).
- ¹⁸⁵ ‘oifigigh bhargas a chur faoi mhionn’, *swearing of officers of corporations* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Ghearrtheidil, 1962).
- ¹⁸⁶ ‘Srianta le feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar do chomhaltaí agus d’oifigigh bhord coimeádaithe’, *Limitations on exercise of powers conferred on members and officers of boards of conservators* (teideal taoibhe alt 293 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).
- ¹⁸⁷ ‘Déileálfar a scafánta is féidir le hiarratais ar víosaí ... ó oifigigh shainghníomhaireachtaí ag a bhfuil *laissez-passer* na Náisiún Aontaithe’, *Applications for visas ... from officials of specialised agencies holding United Nations laissez-passer ... shall be dealt with as speedily as possible* (Airteagal VIII sa Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967).
- ¹⁸⁸ ‘oifigigh Chomhphobail nó oifigigh Bhallstát eile’, *Community officials or officials of other Member States* (an brollach leis an bPrótocal i Sceideal 5 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001).
- ¹⁸⁹ ‘Comhaontú idir Coiste Caidrimh Foirne na mBanc agus Comhlachas Banc-Oifigeach Éireann maidir le Tuarastail Bhanc-Oifigeach atá ar fostú ag na Bainc Chomhlachaithe i bPoblacht na hÉireann’, *An Agreement between the Banks’ Staff Relations Committee and the Irish Bank Officials’ Association regarding Salaries of Bank Officials employed by the Associated Banks in the Republic of Ireland* (alt 3(7)(a) den Acht um Rialú Banc (Luach Saothair agus Coinníollacha Fostaíochta) (Forálacha Sealadacha), 1976).

ar aon dul leosan a thabhairt, féach leithéidí ‘cathaoirligh sheisiún ceathrún’¹⁹⁰ agus ‘cléirigh mhionseisiún’,¹⁹¹ mar aon le ‘íospartaigh choinbhleachtaí’¹⁹² agus ‘dílseánaigh chógaslann’.¹⁹³ Agus is samplaí den séimhiú ar an nginideach iolra ar lorg ‘iascaigh’, a bhfuil an foirceann céanna aige is atá ag na gníomhaithe sin dar críoch ‘-igh’ thuas, iad ‘iascaigh bhradán’¹⁹⁴ agus ‘iascaigh dhiúilicíní’.¹⁹⁵

Sampla aithnidiúil eile den séimhiú ar an nginideach iolra is ea ‘leabhair chuntas’, a fhaightear in Acht ón mbliain 2011,¹⁹⁶ mar shampla, agus, ar shamplaí eile sna hAchtanna den ghinideach séimhithe ar lorg ‘leabhair’, tá ‘leabhair gheallghlacadóirí’¹⁹⁷ agus ‘leabhair ghiúróirí’.¹⁹⁸ Is sampla eile den ghinideach iolra de ‘cuntas’ faoi shéimhiú atá in ‘ráitis chuntas’.¹⁹⁹

Faighimid tagairtí do ‘ospidéal mheabharghalar’ sna hAchtanna ó 1923 i leith²⁰⁰

¹⁹⁰ ‘na cathaoirligh sheisiún ceathrún a bhí ann tráth’, *the former ... chairmen of quarter sessions* (alt 22(4)(b) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).

¹⁹¹ ‘Cléirigh mhionseisiún’, *Petty Sessions clerks* (Cuid IV de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtuil, 2007).

¹⁹² *victims of conflicts* (alt 1 d’Airteagal 81 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998).

¹⁹³ ‘comhaontuithe idir dílseánaigh chógaslann agus boird’, *agreements between the proprietors of pharmacies and boards* (alt 59(10) den Acht Sláinte, 1970, arna ionadú le halt 1(1) (b) den Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2001).

¹⁹⁴ ‘Forálacha Ilghnéitheacha maidir le hIascaigh Bhradán agus le hIascaigh Fíoruisc’, *Miscellaneous Provisions in relation to Salmon and Freshwater Fisheries* (an ceannteideal ar Chuid XI sa Tábla a ghabhann le hAcht Iascaigh an Fheabhail (Leasú), 1961).

¹⁹⁵ ‘folóidh ailt 246 go 253 leapacha diúilicíní agus iascaigh dhiúilicíní, leapacha faochan agus iascaigh faochan’, *Sections 246 to 253 shall ... include mussel beds and mussel fisheries, periwinkle beds and periwinkle fisheries* (alt 281(2) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).

¹⁹⁶ *account books* (alt 52(2) d’Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011) – cf. alt 42(2) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010, mar shampla.

¹⁹⁷ ‘Leabhair gheallghlacadóirí ar rás-chúrsaí údaraithe do scrúdú, etc.’, *Inspection of books, etc., of bookmakers on authorised racecourses* (teideal taoibhe alt 30 den Acht um Bord Rásaíochta agus Rás-Chúrsaí, 1945).

¹⁹⁸ ‘Leabhair ghiúróirí’, *Jurors books* (teideal taoibhe alt 8 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Daingnithe Ordaithe Shealadaigh Rialtais Áitiúil, 1965).

¹⁹⁹ ‘Comórfar gnáth-chruinniú de gach gnóthaire díscailte faoi leith ... chun ráitis chuntas an ghnóthair[e] sin don tréimhse shonraithe a ghlacadh’, *An ordinary meeting of each dissolved undertaker shall be held ... for the purpose of receiving the statements of accounts of that undertaker for the stated period* (alt 5 sa Seachtú Sceideal a ghabhann leis an Acht Iompair, 1950).

²⁰⁰ Féach, mar shampla, ó Acht ón luath-thréimhse: “Oispidéal mheabhairghalar” do bheith mar ainm ar ghealtlanna’, *Lunatic Asylums to be styled “mental hospitals”* (teideal taoibhe alt 79 den Acht Rialtais Áitiúla, 1925); cf. ‘Có-óspidéal mheabharghalar’, *Joint mental hospitals* (teideal taoibhe alt 79 den Acht Rialtais Áitiúil, 1941), agus ‘chun príosúnaigh a

agus tagairtí do ‘forais mheabhairghalar’ ón mbliain 1945 i leith.²⁰¹ Ar na ceadúnais a luaitear sna hAchtanna, de bhreis ar ‘ceadúnais phaisinéirí’ ar tagraíodh dó thuas, tá ‘ceadúnais bhaincéirí’,²⁰² ‘ceadúnais cheantálaithe’,²⁰³ ‘ceadúnais gheallbhróicéirí’,²⁰⁴ ‘ceadúnais mhangairí’²⁰⁵ agus ‘ceadúnais mhangairí bradán’,²⁰⁶ ‘ceadúnais mhiondíoltóirí’²⁰⁷ agus ‘ceadúnais mhonaróirí tobac’,²⁰⁸ maille le ‘ceadúnais mhótarfheithiclí trádála’²⁰⁹ agus ‘ceadúnais fho-cheart’.²¹⁰ Ar na pinsin a dtagraítear dóibh sna hAchtanna tá ‘pinsin bhaintreach’,²¹¹ ‘pinsin bhreithiúna’,²¹²

choinnítear in Ospidéal Mheabhair-Ghalar Cheantair a chothabháil’, *for the maintenance of prisoners confined in District Mental Hospitals* (Vóta Uimh. 23 i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1976).

- ²⁰¹ ‘Clár de dhaoine a glactar i bhforais mheabhairghalar faoi ordaithe glactha’ *Register of persons received into mental institutions under reception orders* (teideal taoibhe alt 200 den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945); cf. ‘Pinsin daoine i bhforais mheabhairghalar áirithe’, *Pensions of persons in certain mental institutions* (teideal taoibhe alt 171 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).
- ²⁰² ‘Ceadúnais bhancaerí’, *Bankers’ licences* (teideal taoibhe alt 47 d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942).
- ²⁰³ ‘Dleacht ar cheadúnais cheantálaithe’, *Duty on auctioneers’ licences* (teideal taoibhe alt 11 den Acht Airgeadais, 1947).
- ²⁰⁴ ‘Ceadúnais gheallbhróicéirí’, *Pawnbrokers’ licences* (teideal taoibhe alt 18 den Acht Airgeadais, 1965).
- ²⁰⁵ ‘Aisghairm forálacha a bhaineann le ceadúnais mhangairí’, *Repeals of provisions relating to hawkers’ licences* (teideal taoibhe alt 49 den Acht Airgeadais, 1989).
- ²⁰⁶ ‘Ceadúnais mhangairí bradán’, *Salmon dealers licences* (teideal taoibhe alt 159 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).
- ²⁰⁷ ‘maidir le ceadúnais mhiondíoltóirí a dheonófar an 1ú lá d’Iúil’, *as respects retailers’ licences granted on ... the 1st day of July* (alt 17(2) den Acht Airgeadais, 1960) – cf. ‘mar a fhoráiltear i ndáil le ar-cheadúnais mhiondíoltóirí i gcoitinne’, *as provided for in relation to retailers’ on-licences generally* (alt 7(2) den Acht Deochanna Meisciúla, 1988).
- ²⁰⁸ ‘Dleacht ar cheadúnais mhonaróirí tobac’, *Duty on tobacco manufacturers’ licences* (teideal taoibhe alt 42 den Acht Airgeadais, 1969).
- ²⁰⁹ ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais mhótarfheithiclí trádála’, *Increase of excise duties on motor vehicle trade licences* (teideal taoibhe alt 75 den Acht Airgeadais, 1983) – cf. ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais fheithiclí trádála’, *Increase of excise duties on vehicle trade licences* (teideal taoibhe alt 92 den Acht Airgeadais, 1980).
- ²¹⁰ Iarratais ar cheadúnais fho-cheart’, *Applications for ancillary rights licences* (teideal taoibhe alt 40 den Acht Forbairte Minearál, 1940).
- ²¹¹ ‘déanfar an tagairt do phinsin bhaintreach in alt 21(4) den Phríomh-Acht a fhorléiriú mar thagairt a fholáionn tagairt do phinsin bhaintreach fir’, *the reference in section 21(4) of the Principal Act to widows’ pensions shall be construed as including a reference to widowers’ pensions* (alt 8(b) den Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú), 1992) – cf. ‘Pinsin bhaintreach a íoc’, *Payment of widows’ pensions* (teideal taoibhe alt 190 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).
- ²¹² ‘Forálacha maidir le tuarastail agus pinsin bhreithiúna’, *Provisions in relation to remuneration and pensions of judges and justices* (teideal taoibhe alt 46 d’Acht na gCúirteanna

15.—(1) Na pinsin uile (ar a n-áirmhítear pinsin fhear pósta) a deonfar fén gCuid seo den Acht so, tuigfear iad do tionsú ar bheith iníoctha an tadh lá d’Abrán, 1932, agus iad do bheith iníoctha ón lá san amach.

‘pinsin chéilí’²¹³ agus ‘pinsin mhúinteoirí’,²¹⁴ maille le ‘pinsin fhear pósta’.²¹⁵ Agus ar na liúntais a dtagraítear dóibh tá ‘liúntais bhaintreach’²¹⁶ agus ‘liúntais chleithiúnaithe’.²¹⁷

Faighimid tagairtí sna hAchtanna do ‘coigiltis chomhaltaí’,²¹⁸ ‘cleithiúnaigh chomhaltaí éagtha áirithe’²¹⁹ agus ‘ceapacháin chomhaltaí’,²²⁰ maille le tagairtí do ‘boird choimeádaithe’²²¹ agus ‘toghcháin choimeádaithe’.²²²

Tugtar roinnt samplaí eile, atá le fáil sna hAchtanna, den séimhiú ar an nginideach iolra ar lorg ainmfhocail iolra dar críoch consan caol sa liosta seo a leanas:

(Forálacha Forlíontacha), 1961).

²¹³ ‘pinsin chéilí agus leanaí a sholáthar’, *the provision of spouses’ and children’s pensions* (alt 1(5) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1999).

²¹⁴ *teachers pensions* (teideal taoibhe alt 6 den Acht Aois-liúntas agus Pinsean, 1923).

²¹⁵ ‘Na pinsin uile (ar a n-áirmhítear pinsin fhear pósta) a deonfar fén gCuid seo den Acht so’, *All pensions (including married pensions) granted under this Part of this Act* (alt 15(1) den Acht Arm-Phinsean, 1932); féach gur dshéimhíodh ‘fear’ san abairt seo a leanas: ‘Le haghaidh Pinsin Chréachta agus Mhíchumais, Pinsin Bhreise agus Pinsin Fear Pósta’, *For Wound and Disability Pensions, Further Pensions and Married Pensions* (Vóta Uimh. 52 de Chuid II de Sceideal B a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1960).

²¹⁶ ‘Leasú ar na hAchtanna maidir le liúntais bhaintreach’, *Amendment of the Acts in relation to widows’ allowances* (teideal taoibhe alt 30 den Acht Arm-Phinsean, 1960).

²¹⁷ ‘Méadú ar liúntais chleithiúnaithe’, *Increase of dependants’ allowances* (teideal taoibhe alt 20 den Acht Arm-Phinsean (Méadú), 1961).

²¹⁸ ‘coigiltis chomhaltaí a úsáid agus a rialú chun sochair dá chéile’, *the use and control of members’ savings for their mutual benefit* (alt 2(1)(a)(iii) den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1966).

²¹⁹ ‘liúntais do chleithiúnaigh chomhaltaí éagtha áirithe de na fórsaí’, *allowances to dependants of certain deceased members of the forces* (alt 35(1) den Acht Arm-Phinsean (Méadú), 1964).

²²⁰ ‘Na ceapacháin chomhaltaí do choistí freastal scoile a dhéanfaí ... faoi fho-alt (3) den phríomhalt sa bhliain 1965’, *The appointments of members of school attendance committees which ... would be made under subsection (3) of the principal section in the year 1965* (alt 3(2) den Acht um Thoghcháin Áitiúla, 1965).

²²¹ ‘Boird choimeádaithe a dhíscaoileadh’, *Boards of conservators dissolved* (teideal taoibhe alt 34 den Acht Iascaigh, 1980).

²²² ‘Dleachta ceadúnais áirithe a eisceadh nuair a bheas an scála vótaí á ríomh i dtoghcháin choimeádaithe’, *Exclusion of certain licence duties in computing scale of votes at elections of conservators* (teideal taoibhe alt 6 den Acht Iascaigh (Leasú), 1958) – cf. ‘Toghcháin choimeádaithe áirithe a chur ar athló’, *Elections of certain conservators postponed* (teideal taoibhe alt 2 den Acht Iascaigh (Leasú), 1976).

‘údaráis bhailitheoirí’,²²³ ‘suaitheantais bhan cabhartha’,²²⁴
‘sealúchais bhanc eile’,²²⁵ ‘údaráis bhóithre’,²²⁶ ‘caiteachais bhord sláinte’,²²⁷
‘ráitis bhrabús’,²²⁸ ‘blátháin bhradán nó bhreac’,²²⁹ ‘stórais bhunachas
liachta daingnithe’,²³⁰ ‘láithreáin charbhán’,²³¹ ‘dualgais chigirí’,²³²
‘caiteachais chomhairlí contae’,²³³ ‘dualgais chraoltóirí’,²³⁴

²²³ ‘chun nach bhfaigheadh aon daoine údaráis bhailitheoirí ach amháin daoine ar údaraigh sé dóibh bheith ina mbailitheoirí’, *preventing collectors authorisations being obtained by persons other than those authorised by him to be collectors* (alt 11(c) den Acht um Bailiúcháin Sráide agus ó Theach go Teach, 1962).

²²⁴ *Midwives’ badges* (teideal taoibhe alt 44 d’Acht na mBan Cabhartha, 1944).

²²⁵ ‘Féadfaidh an Ciste ... sealúchais foras oifigiúla eile nó sealúchais bhanc eile i gcóir an chomhalta sin d’áireamh mar shealúchais oifigiúla’, *The holdings of other official institutions or other banks within its territories may ... be deemed by the Fund ... to be official holdings* (Airteagal XIX(c) i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957).

²²⁶ ‘Ordacháin d’údaráis bhóithre’, *Directions to road authorities* (teideal taoibhe alt 67 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008) – cf. ‘déanfaidh údaráis bhóithre fodhlíthe faoin alt seo de réir na dtreoirilínte’, *bye-laws under this section shall be made by road authorities in accordance with the guidelines* (alt 36(7) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994), agus ‘Comhaontuithe agus socrúithe idir údaráis bhóithre’, *Agreements and arrangements between road authorities* (teideal taoibhe alt 14 d’Acht na mBóithre, 1993); le haghaidh an tséimhithe ar lorg an ghinidigh uatha, féach ‘i bpríomh-oifigí an údaráis bhóithre a rinne í’, *at the chief offices of the road authority by which it was made* (alt 3(2) den Acht Rialtais Áitiúil (Dola-Bhóithre), 1979) – cf. Caibidil 13 thíos.

²²⁷ ‘Caiteachais bhord sláinte a mhaoiniú’, *Financing of health board expenditure* (teideal taoibhe alt 218 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

²²⁸ ‘na forálacha de na hAchtanna Cánach Incaim a bhaineann le pionóis mar gheall ar ... a dhiúltú ... ráitis fhíora, chruinne bhrabús nó ghnóchain a thabhairt’, *the provisions of the Income Tax Acts relating to penalties for ... refusal to deliver ... true and correct statements of profits or gains* (alt 9(5) den Acht Airgeadais, 1958).

²²⁹ ‘Eochrais, gealóga nó blátháin bhradán nó bhreac a thógáil’, *Taking ... spawn, smolts or fry of salmon or trout* (teideal taoibhe alt 19 d’Acht Iascaigh an Fheabhail agus Chairlinn, 2007).

²³⁰ ‘Fanfaidh foirgnimh, ábhair agus stórais bhunachas liachta daingnithe na bhfórsaí armtha faoi réir dhlíthe an chogaidh’, *The buildings, material and stores of fixed medical establishments of the armed forces shall remain subject to the laws of war* (Airteagal 33 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).

²³¹ *caravan ... sites* (alt 16(2A) den Acht Airgeadais, 1984, arna chur isteach le halt 9(c)(ii) den Acht Airgeadais, 1989) – cf. ‘Láithreáin charabhán’ (teideal taoibhe alt 2 den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1966).

²³² ‘féadfaidh an tAire comhshocraíochtaí a dhéanamh ... chun cigire ... d’fheidmiú aon cheann ... de dhualgais chigirí a cheapfar faoin alt seo’, *the Minister may make arrangements ... for any of the ... duties of inspectors appointed under this section being carried out by an inspector* (alt 114(7) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

²³³ ‘Caiteachais chomhairlí contae’, *Expenses of county councils* (teideal taoibhe alt 287 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

²³⁴ ‘Dualgais chraoltóirí maidir le mórócáidí ainmnithe’, *Broadcasters’ duties with respect*

‘cruthúnais chreidiúnaithe eile’,²³⁵ ‘ceantair chróinéirí’,²³⁶
 ‘dliteanais fhearchéile’,²³⁷ ‘comhlachais fhoirne’,²³⁸ ‘baill fhostóirí’,²³⁹
 ‘gealltáin gheallbhróicéirí’,²⁴⁰ ‘brabúis mhianach áirithe’,²⁴¹
 ‘boinn mhótarfheithiclí’,²⁴² agus ‘gabhálais mhótarfheithiclí’,²⁴³
 ‘beartáin pháipéar’²⁴⁴ agus ‘brioscáin phrátaí’.²⁴⁵

Sa chéad chaibidil eile tabharfar samplaí as na hAchtanna d’ainmfhocail sa ghinid-

to designated events (teideal taoibhe alt 4 den Acht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí), 1999).

- ²³⁵ ‘Gach creidiúnaí a mbeidh cruthúnas ar fhiach lóisteáilte aige beidh sé i dteideal cruthúnais chreidiúnaithe eile a fheiceáil’, *Every creditor who has lodged a proof of debt is entitled to see ... the proofs of other creditors* (alt 10 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Féimheachta, 1988).
- ²³⁶ ‘Ceantair chróinéirí’, *Coroners’ districts* (teideal taoibhe alt 6 den Acht Cróinéirí, 1962) – cf. ‘I gcás coirp bheirt duine nó níos mó a ndealraíonn sé gur tharla a mbás de dheasca an teagmhais chéanna a bheith ina luí laistigh de cheantair chróinéirí éagsúla’, *Where the bodies of two or more persons whose deaths appear to have been caused by the same occurrence are lying within the districts of different coroners* (alt 21 den Acht Cróinéirí, 1962).
- ²³⁷ ‘Acht do Comhdhlúthú ... an Dlí a bhaineas ... le Dliteanais Fhearchéile’, *An Act to Consolidate ... the Law relating to ... the Liabilities of Husbands* (teideal fada an Achta um Stádas Ban Pósta, 1957).
- ²³⁸ ‘tar éis dul i gcomhairle le ceardchumann nó comhlachais fhoirne aitheanta lena mbain-eann’, *following consultation ... with recognised trade unions or staff associations concerned* (alt 36(2) den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999) – féach an díchéimhiú san abairt seo a leanas, áfach: ‘comhlachais foirne aitheanta’, *recognised staff associations* (alt 25(6) d’Acht na nOllscoileanna, 1997 – cf. an tAcht Oideachais, 1998, *passim*); díritear ar dhíchéimhiú focal dar tús ‘f’ i gCaibidil 15 thíos.
- ²³⁹ ‘trí baill (dá ngairmtear baill fhostóirí san Acht so) a cheapfaidh an tAire sa tslí forálar leis an Acht so’, *three members (in this Act referred to as employers’ members) appointed, in the manner provided by this Act, by the Minister* (alt 6(1)(c) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta agus um Pinsin do Bhaintreacha agus do Dhílleachtaithe, 1936).
- ²⁴⁰ *pawnbrokers’ pledges* (alt 34 den Acht Geallbhróicéirí, 1964).
- ²⁴¹ ‘an tAcht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974’, *the Finance (Taxation of Profits of Certain Mines Act), 1974*.
- ²⁴² ‘Laghdú ar an dleacht ar pháirteanna agus gabhálais agus boinn mhótarfheithiclí’, *Reduction of duty on motor vehicle parts and accessories and tyres* (teideal taoibhe alt 67 den Acht Airgeadais, 1982).
- ²⁴³ ‘Laghdú ar an dleacht máil ar pháirteanna agus gabhálais mhótarfheithiclí’, *Reduction ... of excise duty on motor vehicle parts and accessories* (teideal taoibhe alt 75 den Acht Airgeadais, 1986) – cf. ‘Laghdú ar an dleacht ar pháirteanna agus gabhálais mhótarfheithiclí’ (teideal taoibhe alt 34 den Acht Airgeadais, 1985).
- ²⁴⁴ ‘na beartáin pháipéar’, *the parcels of papers* (Riail 8(5) sa Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht Toghachán an Uachtaráin, 1937, arna cur isteach le halt 62 den Acht Toghcháin, 1963).
- ²⁴⁵ ‘brioscáin phrátaí’, *potato crisps* (alt 8(2)(f)(i) i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, arna ionadú le halt 130 den Acht Airgeadais, 2010).

each iolra lena ngabhann ainmfhocal eile nó aidiacht. Le sampla díshéimhithe den ghinideach iolra sna hAchtanna a thabhairt, faightear ‘bunachair sonraí’²⁴⁶ in Achtanna ó 2010 agus 2003,²⁴⁷ i gcomórtas le ‘bunachair shonraí’ in Achtanna ó 2007²⁴⁸ agus 1999.²⁴⁹

Clocha

Is ar ‘clocha’ a dhíreoimid ar dtús anseo chun samplaí as scríbhinní nach Achtanna den Oireachtais iad den ghinideach iolra faoi shéimhiú ar lorg ainmfhocaíl fhirinscigh iolra dar críoch consan caol a thabhairt ar aird.

‘bolláin chloch’



Ag díriú dúinn ach go háirithe ar scríbhneoirí Gaeltachta a bhfuil saothair leo ar Nua-Chorpas na hÉireann, tagraíonn Tomás Ó Criomhthain do ‘bolláin chloch’²⁵⁰ agus do ‘cnocáin chloch’²⁵¹ agus faighimid tagairt do ‘carnáin chloch’²⁵² agus do ‘botháin chloch’²⁵³ ó Mícheál Ó Súilleabháin agus Pádraig Ó Cíobháin faoi seach. Áiríonn Diarmuid Ó Sé ‘sliogáin bheaga chloch’ ina mhonagraf *Gaeilge Chorca Dhuibhne*,²⁵⁴

²⁴⁶ ‘íomhánna ... agus faisnéis a sholáthar, agus bunachair sonraí a chur ar fáil’, *supply of images ... and information, and making databases available* (alt 2(1) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluaicha, 2010).

²⁴⁷ ‘logainmneacha agus gnéithe seanda sna taifid agus sna bunachair sonraí léarscáilíochta náisiúnta agus i dtaifid agus i mbunachair sonraí ghaolmhara a thaispeáint i nGaeilge’, *to depict placenames and ancient features in the national mapping and related records and databases in the Irish language* (alt 4(2)(h) den Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001, arna ionadú le halt 34 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003).

²⁴⁸ ‘córais fhaisnéise agus bunachair shonraí i ndáil le seirbhísí uisce a fhorbairt’, *develop ... information systems and databases in relation to water services* (alt 30(4)(g) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007).

²⁴⁹ ‘faisnéis ar chláir nasc-cheangail ag comhoiriúnú soláthróirí agus ceannaitheoirí ar bhonn Thuaidh/Theas, lena n-áirítear bunachair shonraí chomhpháirteacha soláthróirí, a chomhordú’, *co-ordinating ... information on linkage programmes matching suppliers and buyers on a North/South basis, including joint supplier databases* (alt 1.4 de Chuid 3 d’Iarscríbhinn 2 leis an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999).

²⁵⁰ ‘na bolláin chloch do bhí aiges na mná so á chathamh le fánaig’ (Breandán Ó Conaire, eag. *Tomás an Bhlascaoid*, 1992) agus ‘bolláin mhóra chloch idir iad agus an t-uisce’ (Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, 1929).

²⁵¹ ‘gur thug sé faoi deara go raibh cnocáin chloch bailithe ag na hoileánaigh ar an bhfaill os cionn an chalaigh in airde’ (Breandán Ó Conaire, *op. cit.*).

²⁵² ‘An ghné ba shuimiúla de, ó thaobh na hársaíochta de, áfach, ná na carnáin chloch a bhí istigh ann, cuid acu leagtha amach ar nós ballaí seomraí a mbeadh an díon scuabtha díobh’ (Mícheál Ó Súilleabháin, *Peacaí na nAthaireacha*, 1992).

²⁵³ ‘Tá cuma fháiscthe, feistithe ar na botháin chloch’ (Pádraig Ó Cíobháin, *An Grá faoi Cheilt*, 1992).

²⁵⁴ Diarmuid Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* (2000), lch 62, alt 97 – féach Caibidil 18 thíos,

agus tá ‘Cúil Chloch’ ina bhaile fearainn agus ina thoghroinn araon i gCorcaigh.²⁵⁵ Ag dul go hUlaidh dúinn, agus ag filleadh dúinn ar Nua-Chorpas na hÉireann, tagraítear do ‘stacáin chloch’ in *Eadar Muir is Tír* le Niall Johnny Shéamaisín Ó Dómhnaill (1997).²⁵⁶ Agus le samplaí as Connachta den séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha a chur san áireamh anseo, i dteannta sampla ar lorg ainmfhocail fhirinscigh iolra, tagraítear do ‘altóir chloch’²⁵⁷ agus do ‘carnáin chloch’²⁵⁸ araon in *Fánaíocht i gContae Mhaigh Eo*, le Séamas Mag Uidhir (1994), agus faightear tagairtí do ‘sraith chloch’²⁵⁹ in *An Béal Beo* le Tomás Ó Máille. Ar shamplaí as saothair le daoine nach cainteoirí ó dhúchas iad, de réir Nua-Chorpas na hÉireann, nó as saothair nach n-áirítear ina saothair chanúnacha iad sa Chorpas sin, tá ‘obair chloch’,²⁶⁰ ‘rúisc chloch’,²⁶¹ ‘cairéil chloch’²⁶² agus ‘caisil chloch’.²⁶³

Ag dul níos sia siar i litríocht na Gaeilge dúinn, tagraítear do ‘saoir ... chloch’²⁶⁴ in *Parlaimint na mBan*, le Domhnall Ó Colmáin (*fl. c.* 1690). Faightear an líne

mar a dtabharfar samplaí den séimhiú as monagraif éagsúla ar chanúintí éagsúla.

- ²⁵⁵ Féach an Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin (Leasú), 2009, agus Cuid II den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin (Leasú), 1947.
- ²⁵⁶ ‘D’fholaigh sé éadan na binne ag gabháil thart dó; na stacáin chloch a raibh solas ag dealramh orthu dalladh ar mo radharc iad, agus chomh luath is a chuaigh sé thart shoilsigh siad amach arís’.
- ²⁵⁷ ‘I lár an ghleanna seo tá cros agus umar uisce coisreactha ar altóir chloch, áit a mbíodh an tAifreann á léamh nuair a bhí an tóir agus an ruagairt reatha ar chléir na tíre’.
- ²⁵⁸ ‘Níl iontu ach carnáin chloch agus na clocha, idir mhór agus bheag, caite ar mhullach a chéile gan ord gan eagar’; le sampla as Tír Chonaill a thabhairt féach ‘bhíodh an-urraim ag na daoine seo do na mairbh, agus tá na carnáin chloch a thóg siad os cionn a guid uaigneanna le feiceáil sa ghleann’ (suíomh idirlín, *Local Ireland: Local Gaeltacht Thír Chonaill: ‘An Fál Carrach: AN FÁL CARRACH - COGADH NA TALÚN’*).
- ²⁵⁹ ‘Maidir le dathú olla, bhíodh sraith chloch, mádar, plúirín agus fraoch le haghaidh an dathúcháin’ agus ‘Dath donn a thugas an sraith chloch dí’.
- ²⁶⁰ ‘Tá an dearcadh céanna le sonrú ar obair chloch trí glúine saor sa scéal “An tAthair, An Mac agus an Seanbhuachaill”’ (Gearóid Denvir, *Litríocht agus Pobal*, 1997).
- ²⁶¹ ‘Is d’imigh gach duine chun rúisc chloch a chaitheamh ar an bheairic’ (Pádraig Ó Siadhail, *Na Seacht gCineál Meisce agus Finscéalta Eile*, 2001) – canúint Uladh atá ag Pádraig Ó Siadhail, agus tugtar ‘rúisc chloch’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, chomh maith.
- ²⁶² ‘Ba eisceachtaí na mianaigh airgid agus na cairéil chloch, áit a mbíodh drochshaol agus ainnise le fulaingt acu’ (Seán Ó Cadhain, *An tSean-Ghréig*, 1996 – aistriúchán).
- ²⁶³ ‘Luaigh mé Brú na Bóinne; d’fhéadfainn na caisil chloch mar Dhún Aengusa nó na huaigheanna ón ré chré-umha i gCo. Shligigh a lua freisin’ (Diarmuid Ó Laoghaire, *Náisiún na hÉireann Mar a Bhí agus Mar a Tá*, 1993).
- ²⁶⁴ ‘Do bhádar na baintighearnaí sin ró-shaidhbhir ... a ccás gur chuireadar saoir chruinn et chloch 7 lucht oibre eile ag tógbháil na cúirte sin’ (Brian Ó Cuív, eag. *Párliament na mBan*, BÁC 1952, lch 9, líne 262 – aistrítear ‘saoir chruinn 7 chloch’ mar *carpenters and stonemasons* in DIL); tabhair do d’aire go bhfaightear ‘comhdháil bhan’ in *Párliament na mBan*, lch 79, líne 2438-9: ‘7 ní cómhthionól don tsórd sin as meabhair linne do chomhchruinniúghadh, acht cómhhdháil bhan go háonaránach’.

uamach ‘crobhuing charrmogal chloch mbúadh’ i marbhna ar cheathrar de Chlann Dòmhnúill a cailleadh sa bhliain 1636.²⁶⁵ Áirítear ‘galláin chloch’²⁶⁶ agus ‘caol-tuir ... chloch’²⁶⁷ i saothair éagsúla leis an gCéitinneach, agus faightear ‘deilbh chloch’ in aistriúchán a rinneadh sa bhliain 1567 ar leabhar urnaí.²⁶⁸ Ar deireadh anseo, faighimid tagairt do ‘ídail chloch’ in *Leabhar Laighean*, ón 12ú haois.²⁶⁹



‘galláin chloch’

²⁶⁵ ‘Crobhuing charrmogal chloch mbúadh / ni dherrnadar olc fa óir’ (Alexander Cameron, *Reliquiae Celticae* II, Inbhear Nis 1894, lch 236 – faightear an t-aistriúchán Béarla seo a leanas ar lch 237: *A cluster of carbuncles of precious stones – / Illiberality about gold they did not practise*).

²⁶⁶ ‘iomad do leacaibh roi-leathna 7 galláin chloch agá n-íomchar, 7 is díobh ghairmthear sna sein-leabhraibh altóire iúdhlaidhe’ (Osborn Bergin, eag. *Stories from Keating’s History of Ireland*, BÁC 1930, lch 24, scéal 14, línte 5-7; aistríonn an Duinníneach a eagrán féin den sliocht sin mar a leanas: *many very wide flag-stones, and pillar-stones supporting them; and these are called idol-altars in the old books* (Pádraig Ua Duinnín, eag. *The History of Ireland*, Iml. 2 [ITS iml. VIII, 1908], lch 349).

²⁶⁷ ‘caol-tuir chneas-aolta chloch, dá ngairthí *pyramides*, do thóghbháil’ (Osborn Bergin, eag. *Trí Bhíor-Ghaoithe an Bháis*, 1931 [1992], lch 176, líne 5607-8 – aistríonn an tAimhirgíneach ‘caol-tur’ (uatha) mar *narrow tower* sa ghluais a ghabhann lena eagrán); féach ‘fá chumhdach ... chloch’, ag an údar céanna, in ‘a chorp ... / Fá chumhdach dhocht chloch is clárach’ (Eoin Cathmhaolach Mac Giolla Eáin, eag. *Dánta, Ambráin is Caointe Sheathrúin Céitinn*, BÁC 1900, líne 468) – ainmfhocail firinscneach atá in ‘cumhdach’ (*covering, cover*), de réir an fhoclóra a ghabhann leis an eagrán sin, agus é sa tabharthach uatha thuas; tugtar ‘marbhnadh Thighearna na nDéiseach .i. Seaghán óg mac Gearailt (d’éag 1 Márta, 1962)’ ar an gcaoineadh seo.

²⁶⁸ ‘& ni deilbh chloch no mhaideagh no airgid no óir ar nach bfuil féidm cumhdaigh’, *and not images of stone, or wood, or silver, or gold, which do not require to be cherished* (*The Book of Common Order*, arna aistriú ag John Carswell, Dún Éideann 1883, lch 218); níor mhiste an abairt ‘ataid naoi soileir chloch ... fa mhur na ratha sin’ a thabhairt anseo, as DIL, s.v. ‘soiléir’, *a cellar*, cé nach bhfuil tagairt iomlán ag gabháil leis an sliocht (tugtar an sliocht tar éis sleachta as *Annála Loch Cé* (ina gcuimsítear cúrsaí na hÉireann ó 1014 go 1590) agus roimh shliocht as *Imeacht na nIarlaí* – iasacht ón mBéarla nó iasacht rómánsach atá in ‘soiléir’).

²⁶⁹ ‘Na srethaib / trí hídail chloch fo chethair’ (Edward Gwynn, *The Metrical Dindsenchas* IV, BÁC 1924 (1991), lch 23 – dán ar ‘Mag Slecht’ atá i gceist; faighimid an t-aistriúchán seo a leanas ar an abairt sin [ar lch 24]: *Ranged in ranks stood idols of stone four times three*).

Prátaí

Mar théarma samplach deiridh anseo, fillimis ar ‘prátaí’ le roinnt samplaí den ghinideach iolra de ‘práta’ arna shéimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha nó ainmfhocail iolra dar críoch consan caol i Nua-Chorpas na hÉireann a chur leis na samplaí a tugadh thuas as Foclóir Uí Dhónaill²⁷⁰ agus as na hAchtanna.²⁷¹ Ón gCrimhthanach arís, faighimid ‘bliain phrátaí’²⁷² agus ‘trí bhos phrátaí’.²⁷³ I saothair le Siobhán Ní Shúilleabháin, as Corca Dhuibhne, faighimid ‘corcáin phrátaí’²⁷⁴ agus ‘luthóg phrátaí’.²⁷⁵ Faightear ‘clais phrátaí’²⁷⁶ agus ‘bleaist phrátaí’²⁷⁷ óna comh-Dhuibhneach, Pádraig Ó Cíobháin, agus ‘leaba phrátaí’ ó



Pádraig Ó Cíobháin



Pádraig Ó Baoighill

- ²⁷⁰ Ar na téarmaí sin tá ‘báinseog phrátaí’, ‘baic phrátaí’, ‘ceais phrátaí’, ‘cruit phrátaí’, ‘cúil phrátaí’, ‘greadlach phrátaí’, ‘gríosach phrátaí’, ‘leaba phrátaí’, ‘luspairt phrátaí’, ‘mionrach phrátaí’ agus ‘stailc phrátaí’ – tabhair do d’aire gur sna nathanna ‘Chuir sí síos greadlach phrátaí’ agus ‘Bhí gríosach phrátaí thíos aici’ a fhaightear ‘greadlach phrátaí’ agus ‘gríosach phrátaí’ faoi seach.
- ²⁷¹ Féach, i dteannta an tsampla a tugadh thuas de ‘brioscáin phrátaí’, an sampla seo a leanas den séimhiú ar ‘prátaí’ ar lorg ainmfhocail fhirinsnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach: ‘féadfaidh an tAire fógra ... a sheirbheáil ar aon únaer bairr phrátaí a bheas curtha sa cheantar sin á cheangal air an barr prátaí sin a spréáil’, *the Minister may serve on any owner of a potato crop planted in that district a notice ... requiring him ... to spray such potato crop* (alt 8(1) d’Acht na Míingeacha Millteacha agus na Loitmhíola (Comhdhlúthú), 1958).
- ²⁷² ‘Ba mhór an dá bhliain phrátaí iad’ agus ‘Bliain mhaith phrátaí agus éisc agus thine an bhliain seo, tuairim 1878’ (Tomás Ó Cíomhthain, *An tOileánach*, 1929).
- ²⁷³ “‘Ar mh’anamsa féin, mhuisse, go bhfuil, trí bhos phrátaí feadh na bliana,” ar seisean’ (Breandán Ó Conaire, eag., *op. cit.*).
- ²⁷⁴ ‘Liútar éatar ansin acu go léir á tharraingt suas cois na tine, agus ag cur blaincéid teo timpeall air, corcáin phrátaí a mbeiriú agus á gcur isteach leis, braonaíocha branda á chur siar air – agus diaidh ar ndiaidh, thiocfadh an t-anam ar ais ann’ (Siobhán Ní Shúilleabháin, *Eoghan*, 1992).
- ²⁷⁵ ‘Bhíodh luthóg phrátaí fágtha agam sa ghríosaigh féna bráid, ach bhídís romham fós ar maidin’ (Siobhán Ní Shúilleabháin, *Í Siúd*, 1999).
- ²⁷⁶ ‘Slimide dubh, a adharca amuigh aige i gclais phrátaí’ (Pádraig Ó Cíobháin, *An Grá faoi Cheilt*, 1992); féach ‘aimsir bhainte phrátaí’ sa saothar céanna sin: ‘na piastaí do mo ithe faoi mar a d’íosfaidís trí phráta gormghlas gréine a bheadh caite i gclais aimsir bhainte phrátaí mar nach béas le héinne a thuigeann cad is práta maith ann iad a ithe’.
- ²⁷⁷ ‘Ní chomh bog san bleaist phrátaí a dh’ithe nuair a raghfáir abhaile’ (Pádraig Ó Cíobháin, *Le Gealaigh*, 1991).

údar Duibhneach eile, Domhnall Mac an tSíthigh.²⁷⁸ I dtaca le Gaeilge Uladh de, tagraíonn Pádraig Ó Baoighill do ‘mias phrátaí’²⁷⁹ agus tagraítear do ‘poill phrátaí’²⁸⁰ in *Toraigh na dTomn* le hEoghan Ó Colm. Ar deireadh, ar na samplaí de ‘prátaí’ faoi shéimhiú sa Nua-Chorpas, agus nach luaitear canúint ar leith leo, tá ‘goirt phrátaí’.²⁸¹

Tacaíonn an líon mór samplaí thuas as réimsí éagsúla ó thaobh scríobh na Gaeilge de leis an ngnás a chuimsítear i riail an Chaighdeáin Oifigiúil i dtaca leis an séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach iolra agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha nó ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol. Athrú an-mhór ar fad ar ghnás na Gaeilge atá sa díshéimhiú sa ghinideach iolra atá á chur chun cinn sa Chaighdeán Athbheithnithe – is amhlaidh gurb é a mhalairt glan a fhaightear i nGaeilge na hAlban.²⁸²

²⁷⁸ Féach an fonóta a ghabhann le ‘leaba phrátaí’ sa liosta a tugadh thuas as FGB.

²⁷⁹ ‘D’éist Síle go foighdeach ar feadh tamaill, í ag glanadh mias phrátaí ag an tábla’ (Pádraig Ó Baoighill, *Srathóg Feamnaí agus Scéalta Eile*, 2001) – tugtar samplaí as saothair phróis leis an Dr Pádraig Ó Baoighill tríd an staidéar go léir.

²⁸⁰ ‘Bhí fios acu inniu nach mbeadh poill phrátaí ar bith acu nuair a thiocfadh an Fómhar’ (Eoghan Ó Colm, *Toraigh na dTomn*, 1995 – aistriúchán atá ann).

²⁸¹ ‘Deich mbliana roimhe sin ní raibh faic ann ach goirt phrátaí’ (PÓM, *Is fada an bóthar*).

²⁸² Léirítear é sin go soiléir sa pharaidím seo a leanas, as *A Gaelic Grammar* le George Calder (Glaschú 1923), lch 109:

2. A noun and an adjective are thus declined together, without the article :

fear m. *man*, an **-o-** stem : beag *small*, an **-o-** stem :

Sing.

Pl.

n. fear beag

fir bheaga (feara beaga, old acc.)

g. (*neart*) fir bhig

fhear beaga

d. (*aig*) fear beag

fearaibh beaga (fir bheaga, nom.)

v. a fhir bhig

a fheara beaga

An t-ainmfhocal cáilithe sa ghinideach

B'fhéidir gurb í an mhír de na heisceachtaí ó riail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil is mó a gcuimhníonn daoine uirthi ná an easpa séimhithe 'nuair a ghabhann aidiacht leis an nginideach' – is iad an dá shampla aithnidiúla a thugtar ná 'oíche gaoithe móire' agus 'scian coise duibhe'.¹ Sa leagan den riail sin a fhaightear sa Chaighdeán Athbheithnithe déantar an ginideach lena ngabhann ainmfhocal eile sa ghinideach a áireamh leis an nginideach lena ngabhann aidiacht ó thaobh an díséimhithe de – in 'cuma chluas gcapaill', in abairt tosaigh scéal an Chéitinnigh ar Labhraidh Loingseach ar thagraíomar dó sa chaibidil dheireanach,² tá sampla aithnidiúil den ghinideach lena ngabhann ainmfhocal sa ghinideach, agus an ginideach tosaigh sin faoi shéimhiú.

Scartar riail nua seo an Chaighdeán Athbheithnithe ó na heisceachtaí eile ó riail an tséimhithe atá feicthe againn go dtí seo i gcaibidlí éagsúla thuas, agus ón tsraith eisceachtaí i gcoitinne. Faighimid leagan den riail nua, ar dtús, sa 'Treoir' a thugtar faoin gceannteideal 'Ginideach Aidiachtach: Séimhiú',³ mar cháiliú ar riail an tséimhithe i gcás an ghinidigh aidiachtaigh sin:

Feidhmíonn an dara hainmfhocal mar cháiliú simplí ar an gcéad ainmfhocal mar a dhéanadh aidiacht, e.g., *oíche ghaoithe* (oíche ghaofar), *bileog pháipéir* ..., *uimhir theileafóin*.

Ní bhíonn séimhiú ar an dara hainmfhocal má dhéantar an dara hainmfhocal a cháiliú le ginideach cáilíochta eile nó le haidiacht, e.g., *oíche gaoithe móire*, *culaith cadáis Éigiptigh*.⁴

Ar an leathanach ina dhiaidh sin, arís mar cháiliú ar riail an tséimhithe i gcás an ghinidigh aidiachtaigh, cuirtear an riail nua i láthair mar seo a leanas, agus tugtar



¹ Féach an iontráil i bhFoclóir an Duinnínigh, s.v. 'scian': 'scian coise duibhe', a *black-handled knife (used for magical purposes)* – gabhann an giorrúchán *Folk* (i.e. Béaloideas) roimh 'scian coise duibhe', *black-handled knife (with magical properties)* i bhFoclóir Uí Dhónaill.

² 'Léaghtar ar Labhraidh Loingseach gur cuma chluas gcapaill do bhí ar a chluasaibh', Osborn Bergin, ead. *Stories from Keating's History of Ireland* (BÁC 1930), lch 1, scéal 1, línte 1-2.

³ Cuirtear sin i gcomórtas le 'Ginideach Combhainte: Gan Séimhiú' – beimid ag díriú go sonrach ar an dá ghinideach sin sa Chaighdeán Athbheithnithe i gCaibidil 19 thíos.

⁴ *An Caighdeán Athbheithnithe*, lch. 200.

eiseamláir den ghinideach cáilíochta eile:

Tabhair faoi deara:– ... má chuirtear ginideach aidiachtach eile nó aidiacht mar cháiliú leis an dara hainmfhocal, ní ginideach aidiachtach a thuilleadh é agus, mar sin, ní shéimhítear é, e.g., *oíche gaoithe móire* (oíche ar shéid gaoth láidir lena linn),⁵ *bileog páipéir dúigh* (bileog atá déanta as páipéar dúigh).⁶

Is athrú eile fós ar rialail an Chaighdeáin Oifigiúil atá sa leathnú sin atá á dhéanamh ar na heisceachtaí ó rialail an tséimhithe, agus an t-ainmfhocal sa ghinideach a bhfuil ainmfhocal eile sa ghinideach faoi réir aige á áireamh ar na heisceachtaí sin.⁷ Agus is athrú eile fós é nach bhfuil ag teacht le traidisiún aistrithe Achtanna an Oireachtais.

Is amhlaidh, go fiú, go bhfaightear roinnt samplaí sna hAchtanna den ghinideach séimhithe ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha d’ainneoin aidiacht a bheith ag gabháil leis an nginideach sin. Ar na samplaí sin tá ‘Cáin Fháltas Caipitiúil’ agus ‘Cáin Ghnóchan Caipitiúil’, atá le fáil san Acht Airgeadais, 2013 – ar Acht é a achtaíodh ó foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe – agus in Achtanna ó bhlianta roimhe sin, mar a chonaiceamar sa chaibidil dheireanach. Ar shamplaí eile sna hAchtanna tá:

‘scéim bhreosla shaoir’,⁸ ‘de ghné chaiteachais chaipitiúil’,⁹

⁵ Ar ndóigh, níl ‘oíche gaoithe móire’ teoranta d’oíche san am atá caite – féach gur mar *a night with a high wind* a d’aistrigh Mícheál Ó Siadhail an abairt sin, mar a fheicfidimid ar ball anseo thíos; tabhair do d’aire, chomh maith, go dtugtar ‘oidhche na gaoithe móire’, *the night of the big wind* (*esp. Jan. 6th, 1839*), in iontráil an Duinnínigh, s.v. ‘gaoth’.

⁶ *An Caighdeán Athbhreithnithe*, lch. 201.

⁷ Tabhair do d’aire gur áiríodh ‘scian coise adhairce’ i dteannta ‘oíche gaoithe móire’ agus ‘bean baile mhóir’ in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960)– cf. Foscríbhinn 2 thíos; thug Mícheál Ó Murchú ‘scian coise adhairce’, chomh maith, mar shampla den cháilitheoir lenar ghabh cáilitheoir ainmfhoclach deiridh, agus é sin á chur san áireamh aige leis an gcáilitheoir lenar ghabh aidiacht, san alt sin leis ar tagraíodh dó roimhe seo thuas, ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’ (lch 157); seanleagan caltha atá in ‘scian coise adhairce’, ar cheart a scríobh ‘anois inniu’ mar ‘scian chos adhairce’, dar le Mícheál Ó Murchú; cf., i dtaca leis sin de, na ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimplíú agus a shoiléiriú’, atá le fáil i bhFoscríbhinn 4 leis seo, mar a dtugtar ‘léine bhean siúil’ agus ‘scoil cheann tuí’ mar eiseamláirí nua, agus féach Foscríbhinní 11-12, chomh maith; tugtar ‘(Scian) coise adhairce’ i bhFoclóir de Bhaldraithe faoin gceannfhocal *horn-handled*, agus tugtar ‘Scian coise adhairce, *horn-handled knife*’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, s.v. ‘adharc’.

⁸ ‘ciallaíonn “scéim bhreosla shaoir” scéim arna ceadú ag an Aire chun breosla a sholáthar d’aicmí sonraithe daoine’, “*cheap fuel scheme*” means a scheme approved of by the Minister for the provision of fuel for specified categories of persons (alt 289(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

⁹ ‘aon chaiteachas a áireamh ar an gcostas iarbhir sin is caiteachas de ghné chaiteachais chaipitiúil ar an innealra’, *including in that actual cost any expenditure in the nature of capital expenditure on the machinery* (alt 241(6) den Acht Cánach Ioncaim, 1967)

‘comhairle cheantair uirbigh’,¹⁰ ‘oifig chúnamh phoiblí’,¹¹
‘cuideachta fhóntais phoiblí’,¹² ‘úsáid ghairis fhorordaithe’,¹³
‘trúig ghalair nó thinnis ainsealaigh’,¹⁴ ‘ola mhíl mhóir’,¹⁵
‘gáinneáil mhótarfheithiclí goidte’¹⁶ agus
‘oifig phríomh-dhochtúra oifigiúil’.¹⁷

– tabhair do d’aire nach bhfuil an séimhiú sin ar ainmfhocal éiginnte ar lorg réamhfhocail chomhshuite ag teacht le rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil ach oiread.

- ¹⁰ ‘maidir le comhairle chontae, le bardas buirge nó le comhairle cheantair uirbigh’, *with respect to the council of a county, the corporation of a borough or an urban district council* (alt 2(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000) – cf. ‘Comhairle cheantair uirbigh Thráigh Lí, *The council of the urban district of Tralee* (Cuid II den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cuanta, 1946), agus ‘údarás áitiúil (is comhairle chontae, bardas contae-bhuirge nó buirge eile, nó comhairle cheantair uirbigh)’, *a local authority (being the council of a county, the corporation of a county or other borough, or the council of an urban district)* (alt 2(1) den Acht Srianata Cíosa, 1960).
- ¹¹ *public assistance office* (alt 34(5) den Acht Sláinte, 1970).
- ¹² ‘ciallaíonn “cuideachta fhóntais phoiblí” cuideachta a sheolann gnóthas trambhealaigh, duga nó canála sa Stát’, “*public utility company*” means a company which carries on in the State any tramway, dock or canal undertaking (alt 79(4) den Acht Cánach Corparáide, 1976) – cf. ‘ciallaíonn an abairt “obair fhóntais phuiblí” obair is indéanta, do réir a gcomhacht, ag aon údarás áitiúil, no ag aon dá údarás áitiúil no níos mó ag oibriú le chéile dhóibh’, *the expression “work of public utility” means a work which is within the powers of any local authority or any two or more local authorities acting jointly* (alt 1(1) den Acht Díomhaointis (Oibreacha Fóirthne), 1940).
- ¹³ ‘Féadfar, le rialacháin, ceanglais a chur ar bhainisteoirí mianaigh maidir le húsáid ghairis fhorordaithe ... chun aon chuspóir dá luaitear san alt seo a thabhairt i gcrích’, *Regulations may impose upon managers of mines such requirements with respect to the use of prescribed apparatus ... for the purpose of attaining any of the objects mentioned in this section* (alt 70(3) den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965).
- ¹⁴ ‘ciallaíonn “míchumas” ... orgánaigh atá ... ina dtrúig ghalair nó thinnis ainsealaigh a bheith sa chorp’, “*disability*” means ... the presence in the body of organisms causing ... chronic disease or illness (alt 2(1) den Acht um Stádas Comhionann, 2000).
- ¹⁵ ‘ciallaíonn “ola” ... ola bhreosla, ola throm dhíosail, ola bhealaithe, agus ola mhíl mhóir’, “*oil*” ... means ... fuel oil, heavy diesel oil, lubricating oil and whale oil (alt 3(1) den Acht um Ola-Thruaillú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988).
- ¹⁶ ‘ceannaíocht i ndaoine agus gáinneáil mhótarfheithiclí goidte a chosc’, *to prevent ... trade in human beings and motor vehicle crime* (an chéad fhomhír i mír (2) d’Airteagal 2 den Choinbhinsiún Europol, arna leasú le hAirteagal 1(1)(a) den Phrótocal sa Deichiú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Europol 1997, arna chur leis an Acht sin le halt 4 den Acht um Europol (Leasú), 2006).
- ¹⁷ ‘Bunaítear leis seo oifig phríomh-dhochtúra oifigiúil faoi údarás sláinte a bhunaítear leis an Acht seo agus is é teideal a bheidh ag sealbhoirí na hoifige sin Príomh-Dhochtúir Oifigiúil ...’, *There is hereby established the office of chief medical officer under a health authority established by this Act and the title of holders of that office shall be ... Chief Medical Officer* (alt 19(1) den Acht um Údarás Sláinte, 1960).

I dtaca leis an séimhiú lasmuigh de réimse na reachtaíochta, tabhair do d’aire an séimhiú ar ainm an phlanda ‘scuabóg shionnaigh léana’, *meadow foxtail*, i bhFoclóir Uí Dhónaill.

Ós rud é go bhfuil eisceachtaí an Chaighdeáin Oifigiúil ó rialail an tséimhithe teoranta d'ainmfhocail lena ngabhann aidiacht leis an ngingideach agus an ginideach sin faoi réir ag ainmfhocail baininscneach uatha, ní aon ionadh é go bhfaightear i bhfad níos mó samplaí sna hAchtanna den séimhiú ar ainmfhocail atá cáilithe le hainmfhocail eile sa ghinideach agus an chéad ghinideach sin faoi réir ag ainmfhocail baininscneach uatha:

‘an Chuideachta Bhaincéireachta Tráchtála’,¹⁸ ‘oifig Bhainisteora Cathrach na Gaillimhe’,¹⁹ ‘oifig bhainisteora mianaigh’,²⁰ ‘seachaint bhíllí díola’,²¹ ‘cuideachta bhóthair iarainn’,²² ‘cáin bhrabús corparáide’,²³ ‘cuideachta chaipitil fontair’,²⁴ ‘an Chuideachta Chairde Thionscail’,²⁵ ‘easair chaonaigh mhóna’,²⁶ ‘oifig chláráitheora cuideachtaí nó chláráitheora chúnta cuideachtaí’,²⁷ ‘oifig chláráitheora probháide ceantair’,²⁸

¹⁸ *the Commercial Banking Company* (alt 344(4) den Acht Cánach Ioncaim, 1967).

¹⁹ *an office of Galway City Manager* (alt 7(2) den Acht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985).

²⁰ ‘Ceapacháin shealadacha le linn folúntais in oifig bhainisteora mianaigh nó cairéil’, *Temporary appointments during vacancy in office of mine or quarry manager* (teideal taoibhe alt 30 den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965).

²¹ ‘Seachaint bhíllí díola ar stoc feirmeoireachta’, *Avoidance of bills of sale on farming stock* (teideal taoibhe alt 32 den Acht Cáirde Talmhaíochta, 1927) – féach Caibidil 11, mar a bpléitear an t-ainmfhocail ar lorg an ainm bhriathartha.

²² ‘aon údarás áitiúil no cuideachta bhóthair iarainn no ...’, *any local authority, railway company or ...* (alt 60(4) d’Acht Chuan na Gaillimhe, 1935).

²³ ‘ciallaíonn “cáin” ... cáin bhrabús corparáide, cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil nó cáin bhreisluacha, de réir mar a bheidh’, *“tax” means ... corporation profits tax, corporation tax, capital gains tax or value-added tax, as the case may be* (alt 72(1)(a) den Acht Airgeadais, 1988 – cf. alt 35(1)(a) den Acht Airgeadais, 2007).

²⁴ ‘ciallaíonn “cuideachta chaipitil fontair” cuideachta atá forordaithe ag an Aire arb é a gnáthghnó go príomha infheistíochtaí scaire a dhéanamh’, *“venture capital company” means a company prescribed by the Minister the principal ordinary business of which is the making of share investments* (alt 150(5) d’Acht na gCuideachtaí, 1990).

²⁵ ‘maidir le Corparáid an Chairde Thalmhaíochta Teoranta, maidir leis an gCuideachta Chairde Thionscail, Teoranta’, *in relation to the Agricultural Credit Corporation, Limited, the Industrial Credit Company, Limited* (alt 7(4) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971) – féach, áfach, ‘an Chuideachta Cairde Tionscail Teoranta’, *the Industrial Credit Company Limited*, in alt 61(7) den Acht um Cháin Fháiltas Caipitiúil, 1976.

²⁶ ‘foluíonn an focal “móin” brícíní bheidh déanta ar fad no nach mór ar fad de mhóin, ach ní fholuíonn sé easair chaonaigh mhóna’, *the word “turf” includes peat, and also includes briquettes made wholly or mainly of peat, but does not include peat moss litter* (alt 1 den Acht Móna (Úsáid agus Forbairt), 1936).

²⁷ *the office of registrar of companies or assistant registrar of companies* (alt 389 d’Acht na gCuideachtaí, 1963).

²⁸ ‘oifig chláráitheora probháide ceantair don cheantar sin a chomhalladh le linn an cláráitheoir probháide ceantair gníomhach a bheith as láthair go sealadach’, *to execute, during the temporary absence ... of the acting district probate registrar, the office of district probate registrar for that district* (alt 131 den Acht Comharbais, 1965).

‘scéim chomhshó fála’,²⁹ ‘aithint chon folaíochta’,³⁰ ‘seirbhís chraolacháin teilifíse’,³¹ ‘oifig chúirte cuarda’,³² ‘oifig chúirte dúiche’,³³ ‘seirbhís chúnamh baile’,³⁴ ‘cáin mhaoine cónaithe’,³⁵ ‘an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí’,³⁶ ‘obair phoist chonsalachta’,³⁷ ‘oifig phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin’,³⁸

-
- 29 ‘ciallaíonn “scéim chomhshó fála” scéim chomhshó a bhfuil sé sainráite gurb ann di chun fáil a chur i ngníomh’, *‘acquisition conversion scheme’ means a conversion scheme which is expressed to be for the purpose of implementing an acquisition* (alt 101C(1) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989, arna ionadú le halt 22 den Acht Cumann Foirgníochta (Leasú), 2006); féach fonóta 137 ar lch 158 i dtaca le foirm an ghinidigh den ainm briathartha ‘comhshó’.
- 30 ‘sonraí i dtaobh síolrú agus aithint chon folaíochta’, *particulars in respect of the breeding and identification of thoroughbred greyhounds* (alt 14(1) sa Sceideal a ghabhann le hAcht Tionscail na gCon, 1958).
- 31 ‘ciallaíonn “seirbhís teilifíse in aisce” seirbhís chraolacháin teilifíse nach ngearrann an duine atá ag cur na seirbhíse ar fáil aon mhuirear as an gcéanna a ghlacadh’, *“free television service” means television broadcasting service for the reception of which no charge is made by the person providing the service* (alt 1(1) den Acht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí), 1999).
- 32 ‘Déanfaidh an Cláráitheoir Contae gach seirbheálaí toghairme den sórt sin a shannadh do cibé ceantar dá bhfónann an oifig chúirte cuarda lena mbaineann an seirbheálaí toghairme’, *Every such summons server shall be assigned by the County Registrar to such area served by the circuit court office to which the summons server is attached* (alt 44(4) den Acht Oifigigh Cúirte, 1926, arna ionadú le halt 22(2) d’Acht na gCúirteanna, 1971) – cf. ‘go mbeidh seirbheálaí toghairme amháin nó níos mó ag gabháil ... le gach oifig chúirte cuarda nó le haon oifig chúirte cuarda’, *that one or more summons servers shall be attached ... to every or any circuit court office* (alt 7(8) d’Acht na gCúirteanna, 1964).
- 33 ‘go ndéanfar aon mhionnscribhinn den sórt a luaitear san alt sin 6 agus a dhéanfar i ndáil le haon fhoraithe den sórt sin a chomhdú san oifig chúirte dúiche a ndéanfar an fhoraithe sin a thairfeadh inti’, *that any such affidavit as is mentioned in the said section 6 made in relation to any such decree shall be filed in the district court office in which such decree is entered* (alt 24 d’Acht na gCúirteanna, 1981).
- 34 ‘Seirbhís chúnamh baile’, *Home help service* (teideal taoibhe alt 61 den Acht Sláinte, 1970) – díol spéise nach n-infilltear ‘cúnamh’ anseo; mar eolas, is ‘cabhair thinteáin’ a úsáideadh sna fichidí in áit ‘cúnamh baile’: ‘Má dhineann Bórd Sláinte na Contae a chomhacht do chur i bhfeidhm féin Scéim seo agus oifig Oifigigh Chabhra Teinteáin do chur ar ceal’, *Should the County Board of Health exercise their power under this Scheme and abolish the office of Home Help Officer* (alt 21 i Scéim Chontae Chill Dara sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialtas Áitiúil (Forálacha Sealadacha), 1923).
- 35 ‘Cáin Mhaoine Cónaithe’, *Residential Property Tax* (ceannteideal Chuid 5 den Acht Airgeadais, 1999).
- 36 ‘an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí a bunaíodh faoi alt 7(1) den Acht Méadreolaíochta, 1996’, *The Legal Metrology Service established under section 7(1) of the Metrology Act, 1996* (alt 49(2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998).
- 37 ‘Saoráidí d’obair phoist chonsalachta’, *Facilities for the work of the consular post* (an ceannteideal ar Airteagal 28 den Choinbhinsiún sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967).
- 38 *the office of chief executive officer* (alt 18(1) den Acht um Údarás Sláinte, 1960).

‘tuairim phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin boird sláinte’,³⁹ ‘scéim shiltin talún’,⁴⁰ ‘buanscéim shochair shláinte’,⁴¹ ‘scéim shochar scoir’⁴² agus ‘faoi réim threoir-fhigiúir chostais mhaireachtála’.⁴³

Toisc nach ginideach cáilíochta atá i gceist sa dara ginideach in ‘ionstraim cheapacháin mhaoir uisce’,⁴⁴ mar shampla, dealraíonn sé go mbeadh an séimhiú sin slán i gcónaí faoin riail díchéimhithe nua atá faoi chaibidil againn anseo, ach ní hamhlaidh a bheadh i gcás an tséimhithe ar an nginideach de ‘maor’. Is díol spéise é, i gcás ‘seirbhís chúnaimh baile’ agus ‘scéim shochar scoir’ araon sa liosta sin thuas, nach n-infilltear an t-ainmfhocal sa ghinideach ach go séimhítear é. Ar an lámh eile, faightear samplaí den díchéimhiú i leithéidí ‘scéim pinsean ceirde’, ‘scéim pinsean gairme’, ‘scéim pinsean seanaoise’, ‘scéim sochair ceirde’ agus ‘buanscéim sochair sláinte’, ar tagraíodh dóibh i gCaibidil 8 thuas, agus, le sampla eile ar fad as Acht ón mbliain 2008 a thabhairt, féach ‘forbairt gréasáin iompair phoiblí’.⁴⁵

Ginideach cáilithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnih iolra

Ní thugtar aon eiseamláir sa Chaighdeán Athbheithnithe den ghinideach cáilithe agus é faoi réir ag ainmfhocal firinscneach iolra dar críoch consan caol,⁴⁶ ach,

³⁹ ‘Más é tuairim phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin boird sláinte go ...’, *If at any time the chief executive officer of a health board is of opinion that ...* (alt 31(2)(b) den Acht Sláinte, 1970).

⁴⁰ ‘Má bheartaíonn na Coimisinéirí ... aon scéim shiltin talún eile a ghabháil de lámh’, *Where the Commissioners propose to undertake ... any other land drainage scheme* (alt 43(1) den Acht um Fhiadhúlra, 1976).

⁴¹ ‘ciallaíonn “sochar” íocaíocht a thugtar do dhuine i gcás ioncam a bheith cailte ..., de dheasca droch-shláinte, faoi bhuanscéim shochair shláinte’, *“benefit” means a payment made to a person in the event of loss ... of income, in consequence of ill-health, under a permanent health benefit scheme* (alt 8(1) den Acht Airgeadais, 1979).

⁴² ‘I gcás athrú a bheith déanta ar scéim shochar scoir tráth ar bith i ndiaidh an 23ú lá d’Aibreán, 1958’, *Where an alteration has been made in a retirement benefits scheme at any time after the 23rd day of April, 1958* (alt 226(3) den Acht Cánach Ioncaim, 1967) – tabhair do d’aire nach n-infilltear ‘sochar’ anseo.

⁴³ ‘i gcás duine a ndearnadh a luach saothair ... a choigeartú faoi réim threoir-fhigiúir chostais mhaireachtála’, *in the case of a person whose remuneration ... was adjusted by reference to a cost-of-living index figure* (alt 1 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1958) – tabhair do d’aire nach bhfuil an séimhiú sin ar ainmfhocal éiginnte ar lorg réamhfhocail chomhshuite san abairt sin ag teacht le rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil.

⁴⁴ ‘Ionstraim cheapacháin mhaoir uisce’, *Water keeper’s instrument of appointment* (teideal taoibhe alt 295 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).

⁴⁵ ‘forbairt gréasáin iompair phoiblí atá comhtháite, inrochtana a chur chun cinn’, *promote the development of an integrated, accessible public transport network* (alt 11(1)(b) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008).

⁴⁶ Tabhair do d’aire go ndearna Micheál Ó Murchú ainmfhocal sa ghinideach lenar ghabh aidiacht agus é faoi réir ag ainmfhocal firinscneach uatha dar críoch consan caol sa

leis an ionannú atá déanta ó thaobh na n-eisceachtaí ó rialacha an tséimhithe de sa Chaighdeán Athbheithnithe idir ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocal frinscneach iolra dar críoch consan caol agus ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha, tá sé le tuiscint go bhfuil ainmfhocail atá cáilithe sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocal iolra dar críoch consan caol le cur san áireamh ó thaobh an díséimhithe áirithe seo de sa Chaighdeán Athbheithnithe, chomh maith.

Is amhlaidh, murab ionann agus eisceachtaí nua eile ó riail an tséimhithe a thugtar sa Chaighdeán Athbheithnithe, go bhfuil sampla amháin ach go háirithe sa chaint i gConamara d'ainmfhocal díséimhithe sa ghinideach arna cháiliú le haidiacht agus an ginideach sin faoi réir ag ainmfhocal iolra dar críoch consan caol, is é sin, 'fir baile mhóir'. D'áirigh Tomás de Bhaldraithe an sampla sin in *Gaeilge Chois Fhairrge*⁴⁷ agus dhírigh Mícheál Ó Siadhail aird air in *Modern Irish: Grammatical Structure and Dialectal Variation*, mar ar áirigh sé i dteannta 'oíche gaoithe móire' é mar shamplaí den easpa séimhithe ar ainmfhocal cáilithe sa ghinideach.⁴⁸

Is é a bhaineann le hábhar dúinne anseo ná nár tuigeadh go nuige seo agus Achtanna an Oireachtais á n-aistriú ag Rannóg an Aistriúcháin – an Rannóg a chuir an Caighdeán Oifigiúil i dtoll a chéile – gur bhain an easpa séimhithe ar tugadh 'oíche gaoithe móire' agus 'scian coise duibhe' mar shamplaí di sa Chaighdeán Oifigiúil le hainmfhocail sa ghinideach lenar ghabh aidiacht agus a bhí faoi réir ag ainmfhocal frinscneach iolra, mar a léiríonn go leor samplaí sna hAchtanna gona nginidigh shéimhithe sa chás sin. Faightear a leithéid i dteideal Achta fiú, ón mbliain 1974, is é sin, 'an tAcht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974'.⁴⁹ Agus faightear na samplaí seo a leanas i gcorp Achtanna éagsúla:

ghinideach a chur san áireamh san alt sin leis ar tagraíodh dó thuas, 'Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach' (lch 157) – an eiseamláir a thug sé ná 'imní an fhir coise tinne' (murab ionann agus na samplaí breátha a thug sé den ghinideach lenar ghabh aidiacht – leithéidí 'cling cloig bhig', 'intinn mná óige' agus 'scoil ban rialta', ó Sheán Bán Mac Meanman – níl aon fhoinsé luaithe le 'imní an fhir coise tinne').

⁴⁷ Alt 498, lch 264 – áiríonn sé 'fir tíre', chomh maith, san alt céanna sin, ar na '[l]eaganacha inar cloiseadh ainm éiginnte sa nginideach agus gan séimhiú air, ar lorg ainm iolra den chéad díochlaonadh a chríochnaíos le consaine caol'. Faightear sampla de 'fir baile mhóir' i nGaeilge Dhún na nGall i gcaibidil 2 de *Scairt an Dúthchais* (1932), aistriúchán le Niall Ó Domhnaill: 'chan madaidh baile mhóir nó fir baile mhóir a bhí thart ort annso'.

⁴⁸ Féach Mícheál Ó Siadhail, *Modern Irish: Grammatical Structure and Dialectal Variation* (Preas Ollscoil Cambridge, 1991), lch 121, alt 6.2.2.(iii)2(b):

An attributive noun qualified by an adjective:

(27) oíche gaoithe móire (Cois Fhairrge) 'a night with a high wind'

fir baile mhóir (Cois Fhairrge) 'men from big towns'

An attributive noun qualified by an adjective is often left unlenited, as in (27), where, following oíche 'night' (feminine) and fir 'men' (plural ending in a consonant), we might expect lenition.

⁴⁹ *the Finance (Taxation of Profits of Certain Mines Act), 1974.*

‘oifigigh bhallstát eile’,⁵⁰ ‘sealúchais bhanc eile’,⁵¹
 ‘toghcháin choimeádaithe áirithe’,⁵² ‘urláir choincréite réamhtheilgthe’,⁵³
 ‘sealúchais chomhalta amháin’,⁵⁴ ‘cleithiúnaigh chomhaltaí éagtha áirithe’,⁵⁵
 ‘caiteachais chomhlachta shonraithe’,⁵⁶ ‘ábhair chonspóide poiblí’,⁵⁷
 ‘costais chreidiúnaí achainigh’,⁵⁸ ‘cruthúnais chreidiúnaithe eile’,⁵⁹
 ‘ceantair chróinéirí éagsúla’,⁶⁰ ‘gealltanais chumainn eile’,⁶¹

-
- 50 ‘oifigigh Chomhphobail nó oifigigh Bhallstát eile’, *Community officials or officials of other Member States* (an brollach leis an bPrótocal i Sceideal 5 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001).
- 51 ‘Féadfaidh an Ciste ... sealúchais bhanc eile i gcírocha an chomhalta sin d’áireamh mar shealúchais oifigiúla’, *The holdings of ... other banks within its territories may ... be deemed by the Fund ... to be official holdings* (Airteagal XIX(c) i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957).
- 52 ‘Toghcháin choimeádaithe áirithe a chur ar athló’, *Elections of certain conservators postponed* (teideal taoibhe alt 2 den Acht Iascaigh (Leasú), 1976).
- 53 *precast concrete floors* (alt 1(1) den Acht Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilstóreacha), 1988).
- 54 ‘Má gheibhtear amach ... sealúchais chomhalta amháin d’airgeadra chomhalta eile ... a bheith tar éis méadú’, *If ... a member’s holdings of another member’s currency ... are found to have increased* (alt 7(b)(ii) d’Airteagal V i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957).
- 55 ‘liúntais do chleithiúnaigh chomhaltaí éagtha áirithe de na fórsaí’, *allowances to dependants of certain deceased members of the forces* (alt 35(1) den Acht Arm-Phinsean (Méadú), 1964).
- 56 ‘Caiteachais chomhlachta shonraithe’, *Expenses of specified body* (teideal taoibhe alt 8 den Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988).
- 57 ‘lena n-áirítear ábhair is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta poiblí i láthair na huairé’, *including matters which are either of public controversy or the subject of current public debate* (alt 9(1)(b) den Acht Raidió agus Teilifíse, 1988) – tabhair do d’aire an easpa séimhithe ar an nginideach de ‘díospóireacht’ thuas, ach féach gurb í an uimhir uatha de ‘ábhar’ atá in ‘nuair a chraolfaidh sé aon eolas, nuacht nó sainmhír a bhainfidh le hábhair chonspóide poiblí nó is ábhar atá díospóireachta poiblí le linn na huairé’, *when it broadcasts any information, news or feature which relates to matters of public controversy or is the subject of current public debate* (alt 18(1) den Acht um Údarás Craolacháin, 1960).
- 58 ‘Costais chreidiúnaí achainigh’, *Petitioning creditor’s costs* (teideal taoibhe alt 12 den Acht Féimheachta, 1988).
- 59 ‘Gach creidiúnaí a mbeidh cruthúnas ar fhiach lóisteáilte aige beidh sé i dteideal cruthúnais chreidiúnaithe eile a fheiceáil’, *Every creditor who has lodged a proof of debt is entitled to see ... the proofs of other creditors* (alt 10 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Féimheachta, 1988).
- 60 ‘I gcás coirp bheirt duine nó níos mó a ndealraíonn sé gur tharla a mbás de dheasca an teagmhais chéanna a bheith ina luí laistigh de cheantair chróinéirí éagsúla’, *Where the bodies of two or more persons whose deaths appear to have been caused by the same occurrence are lying within the districts of different coroners* (alt 21 den Acht Cróinéirí, 1962).
- 61 ‘Ní mór do chumann, d’fhonn ... a ghealladh gealltanais chumainn eile a chomhall, a

‘údaráis chúnaimh phoiblí’⁶², ‘aonaid chúraim speisialta’,⁶³
‘pinsin fhear pósta’,⁶⁴ ‘brabúis mhianach áirithe’⁶⁵ agus
‘clárúcháin pháirtnéireachta sibhialta’.⁶⁶

Le cúpla sampla a thabhairt anseo as Achtanna a achtaíodh sular cuireadh an Caihdeán Oifigiúil i dtoll a chéile, féach ‘dualgais bhancaerí ceadúnuithe’,⁶⁷ ‘oifigigh chóluchtaí díochurtha’⁶⁸ agus ‘baill dhaoine árachuithe’.⁶⁹

shocrú sin a dhéanamh trí rún speisialta’, *A society, in order to ... undertake to fulfil the engagements of another society, must resolve to do so by a special resolution* (alt 96(2) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989).

- ⁶² ‘An caiteachas a thabhoíd bhord sláinte ... íocfaidh na húdaráis áitiúla é arbh údaráis chúnaimh phoiblí iad agus arbh i limistéar feidhmiúcháin an bhord sláinte dá limistéir fheidhmiúcháin’, *The expenditure of a health board ... shall be paid by the local authorities which ... were public assistance authorities having their functional areas in the functional area of the health board* (alt 218(3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981) – cf. ‘Airgead a sholáthar d’údaráis chúnaimh phoiblí áirithe’, *Provision of money for certain public assistance authorities* (teideal taoibhe alt 69 den Acht Rialtais Áitiúil, 1955), agus, le sampla den séimhiú ar lorg an ghinidigh uatha a thabhairt, féach ‘déanfaidh an t-údarás óspidéal mheabhair-ghalar sonnraí ar ainm agus áit chomhnaithe an duine do chur chun an údaráis chúnaimh phoiblí sin’, *the mental hospital authority shall send particulars of the name and residence of the person to such public assistance authority* (alt 231 den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945).
- ⁶³ ‘leanaí a ghlacadh isteach in aonaid chúraim speisialta’, *the admission to ... special care units of children* (alt 227(1)(c) d’Acht na Leanaí, 2001, arna ionadú le halt 156(d) den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 – cf. alt 8(1)(c) den Acht Sláinte, 2007).
- ⁶⁴ ‘Na pinsin uile (ar a n-áirmhítear pinsin fhear pósta) a deonfar fén gCuid seo den Acht so’, *All pensions (including married pensions) granted under this Part of this Act* (alt 15(1) den Acht Arm-Phinsean, 1932) – is amhlaidh gur díshéimhíodh ‘fear’ in ‘Le haghaidh Pinsin Chréachta agus Mhíchumais, Pinsin Bhreise agus Pinsin Fear Pósta’, *For Wound and Disability Pensions, Further Pensions and Married Pensions* (Vóta Uimh. 52 de Chuid II de Sceideal B a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1960).
- ⁶⁵ ‘an tAcht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974’, *the Finance (Taxation of Profits of Certain Mines Act), 1974*.
- ⁶⁶ ‘clár de na clárúcháin pháirtnéireachta sibhialta go léir arna ndéanamh sa Stát’, *a register of all civil partnership registrations taking place in the State* (alt 13(1)(h) den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004, arna chur isteach le halt 9(b) den Acht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí, 2010).
- ⁶⁷ ‘Ceadúnais Bhancaerí agus Dualgais Bhancaerí Ceadúnuithe’, *Bankers’ Licences and the Duties of Licensed Bankers* (Ceannteideal Chuid VI d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942).
- ⁶⁸ ‘Oifigigh chóluchtaí díochurtha’, *Officers of abolished bodies* (teideal taoibhe alt 10(1) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht Bainistí Chathair Luimnigh, 1934).
- ⁶⁹ ‘trí baill (dá ngairmtear baill dhaoine árachuithe (ainmnithe ceárd-chumann) san Acht so) a ainmneoidh Comhairle Náisiúnta Chódháil na gCeárd-Chumann Éireannach sa tslí foráitar leis an Acht so’, *three members (in this Act referred to as insured persons’ (trade union nominees) members) nominated, in the manner provided by this Act by the National Executive of the Irish Trades Union Congress* (alt 6(1)(d) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta agus um Pinsin do Bhaintreacha agus do Dhílleachtaithe, 1936).

Beimid ag díriú go sonrach ar an séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach i gCaibidil 13, agus ar shamplaí sna hAchtanna den ghinideach cáilithe arna shéimhiú ar lorg an ghinidigh sin tá ‘ráta an liúntais bhanchéile thréigthe’,⁷⁰ ‘chun forais cheantair iomchuibhe an cheantair chúnaimh phoiblí’,⁷¹ ‘iomlán airgid cheannaigh gach gabháltas cheantar cúng’,⁷² ‘i gcáil údaráis chúnaimh phoiblí’⁷³ agus ‘ráta an liúntais chúnaimh shóisialaigh’.⁷⁴

Cáilitheoir ainmfhoclach

Is lú fós a measadh, agus Achtanna an Oireachtais á n-aistriú le blianta fada anuas, go raibh eisceacht ó riail an tséimhithe le déanamh d’ainmfhocail sa ghinideach nuair a ghabh ainmfhocal eile sa ghinideach leis an nginideach tosaigh sin – féach na samplaí séimhithe seo a leanas as na hAchtanna sin:

‘dualgais bhainisteora suiteála’,⁷⁵ ‘cleachtais bhainistíochta airgeadais’,⁷⁶
‘suaitheantais bhan cabhartha’,⁷⁷ ‘sealúchais bhanc eile’,⁷⁸

⁷⁰ ‘de réir an ráta chéanna le ráta an liúntais bhanchéile thréigthe ab iníochta léi’, *at the same rate as that of the deserted wife’s allowance payable to her* (alt 177(2) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

⁷¹ ‘é chur chun forais cheantair iomchuibhe an cheantair chúnaimh phoiblí inar chomhnaigh sé’, *send him to the appropriate district institution of the public assistance district in which he resided* (alt 224 den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945).

⁷² *the whole of the purchase money of every congested districts holding* (alt 12 den Acht Talún, 1984).

⁷³ ‘Gach foras ceantair nó íclann cheantair a bhí ... á chothabháil ag comhairle chontae nó bardas contae-bhuirge i gcáil údaráis chúnaimh phoiblí’, *Every district institution or dispensary which ... was maintained by the council of a county or corporation of a county borough as a public assistance authority* (alt 7(1) den Acht Sláinte, 1953).

⁷⁴ ‘Beidh ráta an liúntais chúnaimh shóisialaigh comhionann le ráta an phinsin bhaintí’, *The rate of a social assistance allowance shall be the same as the rate of the widow’s ... pension* (alt 197(2) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

⁷⁵ ‘Féadfaidh an tAire ... rialacháin a dhéanamh a bhaineann le dualgais bhainisteora suiteála maidir le sábháilteacht ... daoine a bheidh fostaithe ar shuiteáil amach ón gcósta’, *The Minister ... may make regulations relating to the duties of an installation manager concerning the safety ... of persons employed on ... an offshore installation* (alt 11(2)(a) den Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha amach ón gcósta), 1987).

⁷⁶ ‘Seolfaidh an Gníomhaireacht a cuid gníomhaíochtaí i gcomhréir le cleachtais fhóna ghnó agus le cleachtais bhainistíochta airgeadais stuama’, *The Agency shall carry out its activities in accordance with sound business and prudent financial management practices* (Airteagal 25 den Choinbhinsiún sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um an nGníomhaireacht Iltaobhach do Ráthú Infheistíochta, 1988).

⁷⁷ *Midwives’ badges* (teideal taoibhe alt 44 d’Acht na mBan Cabhartha, 1944).

⁷⁸ ‘Féadfaidh an Ciste ... sealúchais foras oifigiúla eile nó sealúchais bhanc eile i gcríocha an chomhalta sin d’áireamh mar shealúchais oifigiúla’, *The holdings of other official institutions or other banks within its territories may ... be deemed by the Fund ... to be official holdings* (Airteagal XIX(c) i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957).

‘cailteanais bheatha sibhialtach’,⁷⁹ ‘dualgais bhoird choimeádaithe’,⁸⁰ ‘caiteachais bhord sláinte’,⁸¹ ‘dabhaigh bhreosla bhuncair’,⁸² ‘oifigh bhriogáide dóiteáin’,⁸³ ‘stórais bhunachas liachta’,⁸⁴ ‘oifigh chaidrimh thionscail’,⁸⁵ ‘rialacháin chánach ioncaim’,⁸⁶ ‘dualgais chláraitheora probháide ceantair’,⁸⁷ ‘caighdeáin chleachtais monarúcháin’,⁸⁸ ‘caiteachais chomhairlí contae’,⁸⁹ Boird Chomhpháirtíochta Limistéir’,⁹⁰

-
- ⁷⁹ ‘Agus oibríochtaí míleata á seoladh ar farraige nó san aer, déanfaidh gach Páirtí sa choinbhleacht ... gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh chun cailteanais bheatha sibhialtach agus damáiste do nithe sibhialta a sheachaint’, *In the conduct of military operations at sea or in the air, each Party to the conflict shall ... take all reasonable precautions to avoid losses of civilian lives and damage to civilian objects* (Airteagal 57(4) sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998).
- ⁸⁰ ‘Déanfar luach saothair gach duine a cheapfar ... chun dualgais bhoird choimeádaithe a chomhlíonadh a íoc as ioncam an bhoird choimeádaithe sin’, *The remuneration of all persons appointed ... to perform the duties of a board of conservators shall be paid out of the revenue of such board of conservators* (alt 51(3) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).
- ⁸¹ ‘Caiteachais bhord sláinte a mhaoiniú’, *Financing of health board expenditure* (teideal taoibhe alt 218 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).
- ⁸² ‘dabhaigh lasta nó dabhaigh bhreosla bhuncair a bhalastú agus balasta a scaoileadh astu’, *the ballasting of and discharge of ballast from cargo tanks or bunker fuel tanks* (alt 17(1) (c)(i) den Acht um Ola-Thruailliú na Farraige, 1956).
- ⁸³ *fire brigade officers* (alt 71(a) den Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1948).
- ⁸⁴ ‘Fanfaidh foirgnimh, ábhair agus stórais bhunachas liachta daingnithe na bhfórsaí armtha faoi réir dhlíthe an chogaidh’, *The buildings, material and stores of fixed medical establishments of the armed forces shall remain subject to the laws of war* (Airteagal 33 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).
- ⁸⁵ ‘Oifigh chaidrimh thionscail’, *Industrial relations officers* (teideal taoibhe alt 33 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 – cf. teideal taoibhe alt 6 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969).
- ⁸⁶ ‘na Rialacháin Chánach Ioncaim (Fostaíochtaí), 1960’, *the Income Tax (Employments) Regulations, 1960* (alt 72(1) den Acht Airgeadais, 1974) – cf., le samplaí a thabhairt as na hIonstraimí Reachtúla, ‘na Rialacháin Chánach Ioncaim (Fostaíochtaí) (Comhdhlúite), 2001’ (I.R. Uimh. 559 de 2001), agus ‘na Rialacháin Chánach Ioncaim (Conarthaí Foirgníochta), 1971’ (I.R. Uimh. 1 de 1971).
- ⁸⁷ ‘dualgais chláraitheora probháide ceantair a chomhlíonadh don cheantar dá bhfónann clárlann phrobháide cheantair áirithe’, *to perform the duties of district probate registrar for the district served by a particular district probate registry* (alt 131 den Acht Comharbais, 1965).
- ⁸⁸ ‘na caighdeáin chleachtais monarúcháin ... a bhainfidh le táirgí íocshláinte’, *the standards of manufacturing practice ... of medicinal products* (alt 4(1)(j) den Acht um Bord Leigheasra na hÉireann, 1995).
- ⁸⁹ ‘Caiteachais chomhairlí contae’, *Expenses of county councils* (teideal taoibhe alt 287 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).
- ⁹⁰ *Area Partnership Boards* (alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003).

‘Cumainn Chreidiúna Talmhaíochta’,⁹¹ ‘ceantair chúirte dúiche’,⁹² ‘cléirigh chúirte dúiche’,⁹³ ‘feachtais fheasachta pobail’,⁹⁴ ‘ceadúnais fheithiclí trádála’,⁹⁵ ‘liúntais fhoirgníochta tionscail’,⁹⁶ ‘ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis’,⁹⁷ ‘ceadúnais mhangairí bradán’,⁹⁸ ‘ceadúnais mheaisín cearrbhachais’,⁹⁹ ‘ceadúnais mhonaróirí tobac’,¹⁰⁰ ‘leatháin mhórleabhair bileog scaoilte’,¹⁰¹ ‘ceadúnais mhótarfheithiclí trádála’,¹⁰²

⁹¹ ‘Chun Roimh-íocanna d’íoc le Cumainn Chreidiúna Talmhaíochta’, *For Advances to Agricultural Credit Societies* (Vóta Uimh. 55 i gCuid 2 de Sceideal B a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1928).

⁹² ‘Is iad na ceantair a bunaíodh faoi alt 21 ... a bheidh ina gceantair chúirte dúiche chun críocha na Cúirte Dúiche’, *The areas created under section 21 ... shall be the district court areas for the purposes of the District Court* (alt 32(1) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961) – cf. ‘an Stát ... a roinnt i pé ceantair oiriúnacha (dá ngairmfear ceantair chúirte dúiche) ... is cuí leis chun críocha na Cúirte Dúiche’, *divide the State ... into such ... convenient areas (which shall be known as district court areas) for the purposes of the District Court as he shall think proper* (alt 21(1)(a) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1953) – tabhair do d’aire gur ‘ceantar’ a bhíonn ar *area* sa chomhthéacs cúirte, mar atá anseo, murab ionann agus ‘limistéar’, mar a aistrítear *area* i réimse na reachtaíochta de ghnáth (cf. fonóta 11 ar lch 424).

⁹³ ‘cléirigh Chúirte Dúiche’, *District Court clerks* (teideal taoibhe alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993) – cf. ‘ionadaithe do chléirigh chúirte dúiche’, *deputies for district court clerks* (alt 55(5) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).

⁹⁴ ‘feachtais fheasachta pobail ... a shocrú’, *arranging public awareness campaigns* (alt 1(1) (b) i gCuid 2 d’Iarscríbhinn 2 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999).

⁹⁵ ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais fheithiclí trádála’, *Increase of excise duties on vehicle trade licences* (teideal taoibhe alt 92 den Acht Airgeadais, 1980).

⁹⁶ ‘amhail mar atá feidhm acu maidir le liúntais fhoirgníochta tionscail do bhlianta measúnachta dar tosach an 6ú lá d’Aibreán, 1959’, *as they apply in relation to industrial building allowances for years of assessment beginning on ... the 6th day of April, 1959* (alt 24(4) den Acht Airgeadais, 1959).

⁹⁷ ‘Ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis’, *Poultry hatchery licences* (teideal taoibhe alt 9 den Acht Gorlanna Éanlaithe Clóis, 1947).

⁹⁸ ‘Ceadúnais mhangairí bradán’, *Salmon dealers licences* (teideal taoibhe alt 159 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).

⁹⁹ ‘ceadúnais mheaisín cearrbhachais a dheonú’, *the grant of gaming machine licences* (alt 47(3)(a) den Acht Airgeadais, 1989).

¹⁰⁰ ‘Dleacht ar cheadúnais mhonaróirí tobac’, *Duty on tobacco manufacturers’ licences* (teideal taoibhe alt 42 den Acht Airgeadais, 1969).

¹⁰¹ *loose-leaf ledger sheets* (alt 250A(1)(a)(i) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna chur isteach le halt 17 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2009) – glactar leis anseo gurb é ‘mórleabhar’ atá cáilithe thuas (féach go dtagraítear do ‘clúdaigh nea-chríochnuithe i gcóir leabhar cuntais go nduilleoga scaoilte’, *unfinished covers for loose leaf ledgers*, ag Uimh. Thag. 18(c)(n) den Tábla sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid, 1932).

¹⁰² ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais mhótarfheithiclí trádála’, *Increase of excise duties on motor vehicle trade licences* (teideal taoibhe alt 75 den Acht Airgeadais, 1983).

‘cathaoirligh sheisiún ceathrún’¹⁰³ agus ‘tranglaim thráchtá bóthair’.¹⁰⁴

Le cúpla sampla as Achtanna a achtaíodh sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil a thabhairt anseo, féach ‘baill bhúird sláinte’,¹⁰⁵ ‘oifigigh chomhairlí tuathcheanntair’¹⁰⁶ agus ‘oifigigh choistí freastal scoile’.¹⁰⁷ Sa teideal ‘an tAcht Oideachais Ghairme Beatha, 1930’¹⁰⁸ feicimid sampla den ghinideach cáilithe arna shéimhiú ar lorg an ghinidigh uatha d’ainmfhocal firinscneach dar críoch consan caol, agus faighimid ‘baill choiste oideachais ghairme beatha’¹⁰⁹ i gcorp an Achta féin. Ar shamplaí eile den ghinideach séimhithe sin as Achtanna sna blianta ina dhiaidh sin, den chuid is mó, tá ‘cinneadh oifigigh bhord sláinte’,¹¹⁰ ‘feidhmiú an chleachtais chánach ioncaim’,¹¹¹ ‘i leith a dhliteanais chánach ioncaim’,¹¹² ‘cléir-each cúirte dúiche an cheantair chúirte dúiche’,¹¹³ ‘méid an liúntais fhoirgníochta

¹⁰³ ‘na cathaoirligh sheisiún ceathrún a bhí ann tráth’, *the former ... chairmen of quarter sessions* (alt 22(4)(b) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).

¹⁰⁴ ‘gur lúide an dóchúlacht go dtarlódh tranglaim thráchtá bóthair trácht iarnróid do scor’, *the cessation of railway traffic would ... lessen the likelihood of blockages to road traffic* (an brollach leis an gComhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Iompair (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979).

¹⁰⁵ ‘Beidh bord an óspidéal có-dhéanta ... de thrí baill (dá ngairmtear baill bhúird sláinte san Acht so) a thoghfaidh an bord sláinte’, *The hospital board shall consist of ... three members (in this Act referred to as board of health members) elected ... by the board of health* (alt 8 d’Acht Ospidéal Fhiabhrais Bhaile Átha Cliath, 1936).

¹⁰⁶ ‘Oifigigh chomhairlí tuathcheanntair’, *Officers of rural district councils* (teideal taoibhe alt 83 den Acht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930).

¹⁰⁷ ‘Oifigigh choistí freastal scoile’, *Officers of school attendance committees* (teideal taoibhe alt 11 den Acht Freastal Scoile, 1926).

¹⁰⁸ *the Vocational Education Act, 1930*.

¹⁰⁹ *the members of a vocational education committee* (alt 14(5) den Acht thuasluaite).

¹¹⁰ ‘I gcás ina mbeidh duine míshásta le cinneadh oifigigh bhord sláinte ar éileamh uaidh ar liúntas leasa forlíontach’, *Where a person is dissatisfied with the determination by an officer of a health board of a claim by him for supplementary welfare allowance* (alt 205(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981) – féach, as Acht ón mbliain 1936, ‘Is ar an lá cheaptha thosnóidh téarma oifige gach baill bhúird sláinte toghfar ag an gcéad toghachán do bhaill bhúird sláinte’, *The term of office of every board of health member elected at the first election of board of health members shall commence on the appointed day* (alt 11(3) d’Acht Ospidéal Fhiabhrais Bhaile Átha Cliath, 1936).

¹¹¹ ‘Gan dochar d’fheidhmiú ginearálta an chleachtais chánach ioncaim ar cháin chorparáide’, *Without prejudice to the general application of income tax procedure to corporation tax* (alt 8(4) den Acht Cánach Corparáide, 1976).

¹¹² ‘In aon chás ina ndéanfaidh duine inmheasúnaithe ... a shuíomh ... gur mó comhiomlán an mhéid cánach a íocadh i leith a rachmais inchánach ... agus an mhéid a íocadh i leith a dhliteanais chánach ioncaim ... ná 80 faoin gcéad dá ioncam iomlán’, *In any case in which an assessable person ... shows ... that the combined total of the amount of tax paid in respect of his taxable wealth ... and the amount paid in respect of his income tax liability ... exceeds 80 per cent. of his total income* (alt 21(1) den Acht Cánach Rachmais, 1975).

¹¹³ ‘Tabharfaidh féichiúnaí cothabhála faoi ordú cothabhála infheidhmithe fógra faoi aon

thionscail’,¹¹⁴ ‘oibriú ceadúnais ghnótha eitlíochta’,¹¹⁵ ‘sealbhóir ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis’¹¹⁶ agus ‘sealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais’.¹¹⁷

Easpa séimhithe

Is amhlaidh go bhfaightear corrshampla sna hAchtanna den easpa séimhithe ar an nginideach cáilithe ar lorg ainmfhocail dar críoch consan caol. I gcás an ghinidigh lena ngabhann aidiacht, féach ‘cuntais cumainn chláráithe’¹¹⁸ in Acht ón mbliain 1977, maille le ‘gnóthais comhaltais shrianta’¹¹⁹ in Acht ón mbliain 2009. I gcás an ghinidigh lena ngabhann cáilitheoir ainmfhoclach, féach ‘dualgais príomh-oifigigh fheidhmiúcháin’¹²⁰ in Acht ón mbliain 1970, maille le ‘oifigigh sábháilteachta gáis’¹²¹ in Acht ón mbliain 2006, ‘an tAcht um Bunachais Pórúcháin Madraí,

athrú ar a sheoladh do chléireach cúirte dúiche an cheantair chúirte dúiche ina raibh cónaí air’, *A maintenance debtor under an enforceable maintenance order shall give notice to the district court clerk for the district court area in which he has been residing of any change of address* (alt 14(9) den Acht um Orduithe Cothabhála, 1974).

¹¹⁴ ‘méid an liúntais fhoirgníochta thionscail a tugadh dó’, *the amount of the industrial building allowance ... made to him* (alt 26(5) den Acht Airgeadais, 1959).

¹¹⁵ ‘Oibriú ceadúnais ghnótha eitlíochta’, *Operation of aviation business licence* (teideal taoibhe alt 90 den Acht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936).

¹¹⁶ *the holder of a poultry hatchery licence* (alt 9(3) den Acht Gorlanna Éanlaithe Clóis, 1947).

¹¹⁷ ‘Ar iarratas ó shealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais’, *On the application of the holder of a gaming machine licence* (alt 43(8) den Acht Airgeadais, 1975).

¹¹⁸ ‘nach ndéanfaidh duine cuntais cumainn chláráithe nó cuntais brainse de chumann cláráithe a iniúchadh’, *that a person shall not audit the accounts of a registered society or a branch thereof* (alt 3(1)(c) d’Acht na gCara-Chumann (Leasú), 1977); más foirm an ainmnigh iolra arna séimhiú in ionad an ghinidigh atá in ‘ghnáthchleachtas’ in ‘de réir ghnáthchleachtas cuideachtaí teoranta’, *in accordance with the usual practice of limited companies* (alt 12(5) den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978), d’fhéadfaí an sampla sin a áireamh anseo, chomh maith.

¹¹⁹ *restricted membership undertakings* (alt 7E(1)(b)(iii) den Acht Árachais Sláinte, 1994, arna chur isteach le halt 9 den Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009).

¹²⁰ ‘go bhfuil sé éirithe neamhábalta ar dhualgais príomh-oifigigh fheidhmiúcháin a chomhlíonadh’, *that he has become incapable of performing the duties of chief executive officer* (alt 21(5) den Acht Sláinte, 1970) – féach alt 31(2)(b), áfach, mar a bhfaightear séimhiú ar ghinideach cáilithe ar lorg ainmfhocail bhaininscigh: ‘Más é tuairim phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin boird sláinte go ...’, *If at any time the chief executive officer of a health board is of opinion that*

¹²¹ ‘Oifigigh sábháilteachta gáis’, *Gas safety officers* (teideal taoibhe alt 9J den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna chur isteach le halt 13 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006) – faightear an abairt arís i dteideal taoibhe alt 27 den Acht Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2010 (‘Leasú ar alt 9J (oifigigh sábháilteachta gáis) d’Acht 1999’) – glacaim leis go bhfuil ‘gás’ faoi réir ag ‘sábháilteacht’ anseo (agus mar a chéile i gcás ‘peitriiliam’ sa sampla a thugtar i ndiaidh an chéad sampla eile).

2009’,¹²² agus ‘oifigigh sábháilteachta peitri Liam’¹²³ in Acht ón mbliain 2010.

Feicimid go soiléir an tslí a ndearnadh idirdhealú i gcoitinne, áfach, ó thaobh an tséimhithe de, idir ginideach cáilithe ar lorg ainmfhocail fhirinscigh iolra dar críoch consan caol agus ginideach arna cháiliú le haidiacht agus é ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha ach an teideal taoibhe ‘Caiteachais chomhlachta shonraithe’ thuas, as Acht ón mbliain 1988, a chur i gcomórtas le teideal taoibhe an ailt díreach roimhe sin san Acht céanna, ‘Tuarascáil bhliantúil comhlachta shonraithe’.¹²⁴

Mar fhocal scoir, ag cuimhneamh dúinn ar thagairtí thuas do ‘fir baile mhóir’, lasmuigh de réimse na reachtaíochta – ach ag díriú an turas seo ar ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha – tabhair do d’aire go bhfaighimid ‘teora bhaile mhóir’ in Acht ón mbliain 1948.¹²⁵

¹²² *Dog Breeding Establishments Act 2010* – tabhair do d’aire go bhfuil ‘Madraí’ díséimhithe ar lorg an ghinidigh uatha fhirinscigh dar críoch consan caol sa teideal sin, chomh maith.

¹²³ ‘Oifigigh sábháilteachta peitri Liam’, *Petroleum safety officers* (teideal taoibhe alt 13W den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna chur isteach le halt 3(d) den Acht um Shábháilteacht Peitri Liam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2010) – d’fhéadfadh sé go raibh an Caighdeán Athbhreithnithe ann faoin am ar eisíodh an leagan Gaeilge den Acht sin.

¹²⁴ *Annual report of specified body* (teideal taoibhe alt 7 den Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988); mar shampla den díséimhiú ar ainmfhocal cáilithe sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscigh ó Acht a achtaíodh scór bliain ina dhiaidh sin, féach ‘forbairt gréasáin iompair phoiblí atá comhtháite, inrochtana a chur chun cinn’, *promote the development of an integrated, accessible public transport network* (alt 11(1)(b) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008).

¹²⁵ ‘toise ... teora chontaebhuirge, nó bhuirge eile, cheantar uirbigh nó bhaile mhóir d’athrú’, *as a result of ... an alteration of the boundary of a county or other borough, an urban district or a town* (alt 28(b) d’Acht na dTithe (Leasú), 1948) – féach, chomh maith, ‘ola mhíl mhóir’ a tugadh thuas, as Acht ón mbliain 1988; cf. ‘Cloch Bhaile Bhig’, ar ‘ainm neamhdheimhnithe’ é ar www.logainm.ie, i dtaca le ‘fir baile mhóir’, agus ‘Cé thógfadh ar mhuintir na Gaillimhe nó ar mhuintir bhaile mhóir nó bhaile bhig ar bith ar fuaid na tíre gan bheith ag stealladh Gaeilge uathu féin’ (Seán Ó Ceallaigh, *Dáil Éireann*, 3 Nollaig, 1968 [<http://historical-debates.oireachtas.ie/D/0237/D.0237.196812030056.html>]); ar deireadh, tabhair do d’aire ‘cóip an bhaile mhóir’ in ‘Fear Lasta Lampaí, Gaillimh 1928’, le Máirtín Ó Direáin: ‘Ní raibh sé mór an fear / Níor dheas a bhí ach gránna, / Is cóip an bhaile mhóir / Ag fonóid faoi gan náire ...’.



Linocht den Direánach le Seán Ó Flaithríarta, ó chlúdach Máirtín Ó Direáin – Na Dánta (An Clóchomhar Tia, 2010), le caoinchead Chló Iar-Chromnacht.

An t-ainmfhocal ar lorg ainm bhriathartha

Riail nua díséimhithe an ainm bhriathartha sa Chaighdeán Athbheithnithe, a bhí faoi chaibidil againn i gCuid 1 den staidéar seo, is sa tríú fomhír i mír a bhaineann leis an ainm briathartha a fhaightear í. Is é díséimhiú an ainmfhocaíl atá faoi réir ag ainm briathartha nó ‘ainmfhocal a chuireann gníomh in iúl’ is ábhar don dá fhomhír eile.

Fomhír (i): ainmní nó gníomhaí

Is éard atá sa chéad fhomhír ná leagan den mhír de na heisceachtaí ó riail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil lena rialaítear nach gcuirtear séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach ‘nuair is ainmní nó gníomhaí an ginideach, e.g., *géimneach bó, gáir caillí, mallacht mná, eascaine baintrí, léim capaill, íde béil, coiscéim coiligh*. Más í an eisceacht ó riail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil a raibh an leagan athbheithnithe di faoi chaibidil againn sa chaibidil dheireanach an eisceacht is mó a gcuimhníonn daoine uirthi de na heisceachtaí sin is dócha gurb í an eisceacht sin thuas an ceann is lú go gcuimhnítear uirthi, fiú i measc aistritheoirí oifigiúla. Tabhair do d’aire nach mbaineann samplaí na rialach le réimse na reachtaíochta – dealraíonn sé nach bhfaightear ‘géimneach’, ‘gáir’, ‘mallacht’, ‘eascaine’ ná ‘coiscéim’ sna hAchtanna, agus is i logainmneacha a fhaightear na samplaí de ‘léim’¹ agus formhór na samplaí de ‘íde’² a fhaightear iontu. Má thógaimid ‘íde béil’ an Chaighdeáin Oifigiúil, is ‘fianaise bhéil’ a tugadh ar *oral evidence* san Ordú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 4), 1949,³ ach rinneadh é sin a chaighdeánú deich mbliana ina dhiaidh sin nuair a bailíodh na deich nOrdú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge le chéile faoin teideal *Téarmaí Dlí* sa

¹ Dealraíonn sé gur sna logainmneacha ‘Léim an Bhradáin’, Co. Chill Dara, agus ‘Carraig Léim Laoghaire’, Co. Chorcaí, amháin a fhaightear ‘léim’ sna hAchtanna; le samplaí de ‘léim’ i bhFoclóir Uí Dhónaill a thabhairt anseo, féach ‘léim táilliúra’, *somersault performed with legs crossed*, ‘léim giorria’, *bare’s leap* (cf., áfach, ‘Chuir sé léim ghiorria d’im air’, *he piled it high with butter*), ‘léim fáis’, *sudden growth*, agus ‘léim buinne’, *gush of water*, i gcomórtas le ‘léim choirp’, *standing jump* (cf. ‘Chuaigh sé de léim chabhlach isteach san abhainn, *he jumped bodily into the river*), agus ‘léim chaorach sa duibheagán’, *leap in the dark*.

² Dealraíonn sé gur sa logainm ‘Mullach Íde’, Co. Bhaile Átha Cliath, is mó a fhaightear ‘íde’ sna hAchtanna, lasmuigh den dá shampla seo a leanas: ‘smachtbhanna arb éard é íde atá cruálach, mídhaoonna nó táireach’, *a sanction constituting cruel, inhumane or degrading treatment* (alt 13(7)(k) d’Acht na bPríosún, 2007), agus ‘an Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaoonna nó Táireach’, *the Convention against Torture and Other Cruel, Inhuman or Degrading Treatment or Punishment* (alt 1(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta), 2000).

³ Ionstraim Reachtuil Uimh. 68 de 1949.

bhliain 1959, agus is ‘fianaise béil’ atá ar *oral evidence* sa bhailiúchán sin. Mar sin féin, faighimid ‘fianaise bhéil’ san Acht um Orduithe Cothabhála, 1974, murab ionann agus ‘fianaise béil’ a fhaightear i roinnt Achtanna eile ó 1964 i leith.

Is amhlaidh fiú go n-áirítear ‘foinse bhéil’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe ar eiseamláirí an ghinidigh aidiachtaigh shimplí, a shéimhítear ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha, de réir an tsaothair sin. Dar leis an gCaighdeán Athbhreithnithe go mbíonn ‘ginideach aidiachtach simplí’ ann ‘má fheidhmíonn an dara hainmfhocail mar thuairisc shimplí ar chineál, ar bhunús nó ar fhoinse an chéad ainmfhocail’. Sa tslí chéanna go bhfuil ‘béal’ ag feidhmiú ‘mar thuairisc shimplí ar chineál, ar bhunús nó ar fhoinse’ na híde in ‘íde béil’, feidhmíonn na hainmfhocail sna samplaí a tugadh thuas as an gCaighdeán Oifigiúil atá faoi réir ag ‘géimneach’, ‘gáir’, ‘mallacht’, ‘eascaine’, ‘léim’ agus ‘coiscéim’ mar thuairisc shimplí ‘ar chineál, ar bhunús nó ar fhoinse’ na géimní, na gáire, na mallachta, na heascaine, na léime agus na coiscéime in ‘géimneach bó’, ‘gáir caillí’, ‘mallacht mná’, ‘eascaine baintrí’, ‘léim capaill’ agus ‘coiscéim coiligh’, faoi seach, agus bheifí ag súil lena séimhiú dá réir sin sa Chaighdeán Athbhreithnithe. Is amhlaidh, áfach, ní amháin go bhfaighimid riail an Chaighdeáin Oifigiúil sa Chaighdeán Athbhreithnithe i gcónaí, mar aon le samplaí thuasluaite an Chaighdeáin Oifigiúil, ach cuirtear leis an riail agus leis na samplaí dá réir. Is é seo a leanas an leagan den riail a fhaightear sa Chaighdeán Athbhreithnithe: ‘ar lorg ainm briathartha⁴ nó ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl, sa chás gurb é an dara hainmfhocail an t-ainmní nó an gníomhaí’ ní shéimhítear an dara hainmfhocail sin.

Sula ndíreoidimid ar na heiseamláirí sa Chaighdeán Athbhreithnithe a cuireadh leis na samplaí a tugadh thuas as an gCaighdeán Oifigiúil, níor mhiste roinnt samplaí gona ndíshéimhiú a thabhairt as Foclóir Uí Dhónaill ar dócha go bhféadfaí a mhaíomh ina leith ‘gurb é an dara hainmfhocail an t-ainmní nó an gníomhaí’ ar lorg ainm bhriathartha ‘nó ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl’:

‘clascairt báistí’,⁵ ‘clascairt crúb’,⁶ ‘gliúrascnach bróg’,⁷
‘gliúrascnach cnámh’,⁸ ‘insint béil’,⁹ ‘satailt bróg’,¹⁰ ‘sní deor’,¹¹

⁴ Bheadh séimhiú ar ‘briathartha’ anseo de réir an Chaighdeáin Oifigiúil.

⁵ *pelting of rain* (FGB, s.v. ‘clascairt’).

⁶ *clatter of hoofs* (*ibid.*).

⁷ *creaking of shoes* (FGB, s.v. ‘gliúrascnach’).

⁸ *creaking of bones* (*ibid.*).

⁹ ‘Níl léamh ná scríobh ná insint béil air’, *it defies all description* (FGB, s.v. ‘insint’) – tugann L. Mc Cionnaith ‘níl léigheamh ná scríobhadh [ná innse béil] air’, as Gaeilge Uladh, in *Foclóir Béarla agus Gaedhilge*, s.v. *description*.

¹⁰ *tramp of boots* (FGB, s.v. ‘satailt’) – tabhair do d’aire go bhfuil *the sole of his shoe* ar ‘satailt a bhróige’ ag an Duinníneach, s.v. ‘satailt’.

¹¹ *coursing of tears* (FGB, s.v. ‘sní’) – tabhair do d’aire gur frinsneach don cheannfhocal ‘snighe’ i bhFoclóir an Duinnínigh.

‘sní fearthainne’,¹² ‘sní sneachta’,¹³ ‘spréacharnach seod’,¹⁴
‘spréacharnach súl’,¹⁵ ‘tarraingt gaoithe’,¹⁶ ‘teagmháil gnóthaí’,¹⁷
‘titim cainte’,¹⁸ ‘titim drúchta’,¹⁹ ‘titim sneachta’,²⁰ agus ‘tochailt muc’.²¹

Dealraíonn sé, áfach, go dtagann an riail nua salach ar leithéid ‘triall choiste’ i bhFoclóir Uí Dhónaill.²² Agus ar théarmaí nó abairtí eile gona séimhiú san fhoclóir sin a bhféadfaí a áiteamh ina leith ‘gurb é an dara hainmfhocal an t-ainmní nó an gníomhaí’ iontu ar lorg ainm bhriathartha ‘nó ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl’ tá:

‘gluaiseacht chainte’,²³ ‘goin choinsiasa’,²⁴ ‘goin ghréine’,²⁵
‘léim chaorach sa duibheagán’,²⁶ ‘liagarnach bháistí’,²⁷ ‘meá bhoise’,²⁸
‘ropaireacht ghaoithe’,²⁹ ‘satailt bhróg’,³⁰ ‘troid bhataí’,³¹

¹² *fall of rain (ibid.)*.

¹³ *fall of snow (ibid.)*.

¹⁴ *sparkle of jewels (FGB, s.v. ‘spréacharnach’)*.

¹⁵ *sparkle of eyes (ibid.)*.

¹⁶ ‘tarraingt gaoithe i ndoras’, *draught in doorway (FGB, s.v. ‘tarraingt’)*.

¹⁷ *business intercourse (FGB, s.v. ‘teagmháil’)*.

¹⁸ *expression, idiom (FGB, s.v. ‘titim’)*.

¹⁹ *dew-fall (ibid.)*.

²⁰ *fall of snow (ibid.)*.

²¹ ‘tochailt muc i ngairdín’, *the rooting of pigs in a garden (FGB, s.v. ‘tochailt’)*.

²² *trial by jury (FGB, s.v. ‘triall’)*; ‘coiste’ atá ar *jury* in Airteagal 72 de Bhunreacht Shaorstáit Éireann, 1922, mar shampla; is mar ‘coiste dáréag’ a aistríodh *jury* i mBille ón mbliain 1924 (de réir an *Oireachtas Dictionary of Official Terms*) agus faightear ‘árd-choiste’ ar *grand jury* in Achtanna ó 1923 agus 1924; faighimid ‘giúiré’ sna hAchtanna ón mbliain 1927 i leith – tabhair do d’aire, mar shampla, gur mar ‘Trial ag giúiré ar cheisteanna fíorais’ a aistrítear *Trial by jury of questions of fact* i dteideal taoibhe alt 44 den Acht Comharbais, 1965.

²³ *rhythm of speech (FGB, s.v. ‘gluaiseacht’)* – tá roinnt téarmaí eile i bhFoclóir Uí Dhónaill ina bhfaightear séimhiú ar ‘caint’ sa ghinideach agus a mbeadh ar dhuine tamall machnaimh a chaitheamh orthu lena dheimhniú an gníomhaí atá in ‘caint’ iontu, agus ní áirítear sa liosta anseo iad de dheasca na héiginnteachta ina leith ón taobh sin de (leithéid ‘iomlatáil chainte’, *slovenly speech [FGB, s.v. ‘iomlatáil’]*, mar shampla).

²⁴ *twinge of conscience (FGB, s.v. ‘goin’²)*.

²⁵ ‘Fuair sé goin ghréine’, *he got sunstroke (ibid.)*.

²⁶ *leap in the dark (FGB, s.v. ‘léim’)* – cf. fonóta 1 thuas.

²⁷ *pelting rain (FGB, s.v. ‘liagarnach’)*.

²⁸ *hand, kitchen, scales (FGB, s.v. ‘meá’¹)*.

²⁹ *violent blasts of wind (FGB, s.v. ‘ropaireacht’)*.

³⁰ *tramp of boots (FGB, s.v. ‘satailt’)*.

³¹ *stick-fight (FGB, s.v. ‘troid’)* – dhealródh sé go mbeadh na bataí le háireamh mar ghníomhaí tharla go n-áirítear an béal mar ghníomhaí in ‘íde béil’.

‘troid choileach’³² agus ‘troid phící’.³³

An ginideach faoi réir ag ainmfhocal frinscneach iolra

Sa Chaighdeán Athbheithnithe cuirtear trí eiseamláir leis na samplaí as an gCaighdeán Oifigiúil a tugadh thuas. Sa chéad cheann díobhsan, ‘obair polaiteoirí’, is ainmfhocal iolra atá sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha agus, mar a chonaiceamar i gCaibidil 9 thuas ar dhíshéimhiú an ghinidigh iolra, ní bheadh séimhiú ar ‘polaiteoirí’ sa ghinideach de réir an Chaighdeán Athbheithnithe cuma cén saghas ainmfhocail a ghabhfadh roimhe.³⁴ Sa dá eiseamláir eile, ‘clamhsáin custaiméara’ agus ‘luaidreáin margaidh’, murab ionann agus samplaí an Chaighdeáin Oifigiúil – agus murab ionann, chomh maith, agus an leagan de riail an Chaighdeáin Oifigiúil a fhaightear sna ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimplú agus a shoiléiriú’³⁵ agus na samplaí dá leagan de riail an Chaighdeáin Oifigiúil a áiríonn Micheál Ó Murchú ina alt ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’,³⁶ araon – tá an t-ainmfhocal atá sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal frinscneach iolra dar críoch consan caol. Ach oiread le ‘polaiteoirí’ in ‘obair polaiteoirí’,³⁷ dealraíonn

³² *cock-fighting* (FGB, s.v. ‘coileach’).

³³ *pike battle* (FGB, s.v. ‘píce’).

³⁴ Is í an chúis ar cuireadh an eiseamláir nua sin ‘obair polaiteoirí’ le samplaí an Chaighdeáin Oifigiúil ná go gclúdaíonn ‘obair’ gné nua sin na rialach i dtaca le ‘ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl’ – mar a fheicimid thíos, d’fhéadfadh sé nach mbeadh beirt ar aon intinn faoi cé acu an ainmfhocal a raibh gníomh á chur in iúl leis a bhí in aon ainmfhocal ar leith.

³⁵ An Coiste Téarmaíochta, *op. cit.*, mír (ii) faoi alt 2, ‘Loime’: ‘Nuair is ainm briathartha nó ainmfhocal gníomhaíochta an chéad ainmfhocal agus gur ainmní nó cuspóir an dara ceann aige ní shéimhítear an dara ceann: *admháil creidimh, bainistíocht punainne, buachailleacht bó, foghlaim ceirde, forbairt pobail, géimneach bó, (ag) imirt peile, innealtóireacht bogearraí, léim capaill, teip trealaimb, titim sneachta*’ – cf. Foscríbhinn 4 leis seo thíos.

³⁶ Micheál Ó Murchú, *op. cit.*, lch 158, alt 1 faoin gceannteideal ‘Loime’ – ‘L1. gníomhaí an cáilitheoir (ainmhí/duine/rud)’, mar a n-áiríonn sé ‘géimneach bó’, ‘gáir cailí’, ‘mallacht mná’, ‘eascaine baintrí’, ‘íde béil’ agus ‘coiscéim coiligh’ an Chaighdeáin Oifigiúil i measc a chuid samplaí agus eiseamláirí; féach go gcáilíonn Micheál Ó Murchú a chur síos ar an riail díshéimhithe mar a leanas: ‘Nuair nach mbíonn uilíocht i gceist nó nuair a tharlaíonn meafar is minic a shéimhítear: *seitreach chapail* ... [aon chapall ar leith amháin], *uaill chonairte* ...; *léim ghiorria d’im* ...’ – Foclóir Uí Dhónaill atá mar fhoinsé don dá shampla deiridh sin, agus is é Seán Bán Mac Meanman foinsé an tsampla tosaigh aige; féach, chomh maith, ‘L3. ainm briathartha (nó a chómhaith) móide ainmní nó cuspóir’, *ibid.*, lch 159 – ar na samplaí den ainmní a thugann sé tá ‘ciapáil páirtithe’, ‘insint béil’ agus ‘sciúrsáil dreasóg’ (as saothair le Seán Bán Mac Meanman) agus ‘titim cainte/focail/sneachta’ (as FGB).

³⁷ Ní bhfaightear ach sampla amháin den fhocal *politician* ar an *Irish Statute Book* (san abairt *an Irish saint, statesman, politician, author, artist, or other well-known Irish person(ality)*), ar abairt í a fhaightear trí huairé agus is amhlaidh nach bhfaightear tagairt ar bith do *politicians* sna hAchtanna ná sna hIonstraimí Reachtúla (amhail ar 15/11/2015). I dtaca leis an díshéimhiú in ‘obair polaiteoirí’, féach an séimhiú ar an nginideach ar lorg ‘obair’ in ‘í dtaobh obair choistí printíseachta a chomheagrú’, *on the co-ordination of*

sé gur focail iad ‘clamhsán’ agus ‘luaidreán’ nach n-úsáidtear sna hAchtanna, san uatha ná san iolra. Baineann ‘gearán’, seachas ‘clamhsán’, le béarlagair na nAchtanna agus is mar ‘gearáin ó chustaiméirí’ a aistrítear *consumer complaints* in Acht ón mbliain 2007,³⁸ mar shampla.³⁹ Maidir le ‘clamhsáin custaiméara’ thugamar sampla ón idirlíon i gCaibidil 9 de ‘fiosrúcháin chustaiméirí’.⁴⁰

I dtaca leis na heiseamláirí sin ‘clamhsáin custaiméara’ agus ‘luaidreáin margaidh’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe, má chuirimid i gcomórtas iad le sampla sna hAchtanna ina bhfuil ainmfhocal sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal bain-insneach uatha dar críoch ‘-áin’, is é sin, ‘eadráin’ – ar ainmfhocal é ‘a chuireann gníomh in iúl’ – i gcás ‘gurb é an dara hainmfhocal an t-ainmní nó an gníomhaí’, féach go bhfaighimid séimhiú ina dhiaidh in ‘cuirfean an t-aighneas sin faoi eadráin bhíne ar a mbeidh triúr eadránaithe’ in Acht ón mbliain 1960.⁴¹

Le roinnt samplaí a thabhairt as na hAchtanna den ghinideach séimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol, i gcásanna go bhféadfaí a áiteamh gur ainmní nó gníomhaí an ginideach, féach ‘tionóil chéimithe’ in Acht ón mbliain 1997,⁴² ‘tuillimh inphinsin chomhalta’ in Acht ón mbliain

the work of apprenticeship committees (alt 54 den Acht Printíseachta, 1959), agus féach, chomh maith, an sampla seo a leanas de ‘obair pholaiteoirí’ in *Feasta*: ‘De bharr obair na bPoblachtach a chuir éirí amach ar siúl, obair pholaiteoirí ina dhiaidh sin, ... tá stádas idirnáisiúnta buaite’ (*Feasta*, Nollaig 2000, ó Nua-Chorpas na hÉireann).

- ³⁸ ‘nósanna imeachta atá le glacadh chun plé le gearáin ó chustaiméirí i ndáil le feidhmíocht méadar’, *procedures to be adopted for dealing with consumer complaints in relation to the performance of meters* (alt 73(2) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007) – cf. ‘gearáin ó mhic léinn nó óna dtuismitheoirí, ar gearáin iad a bhaineann le scoil na mac léinn’, *grievances of students, or their parents, relating to the students’ school* (alt 28(1)(b) den Acht Oideachais, 1998 – cf. alt 51(2) den Acht Monarchan, 1955).
- ³⁹ Is amhlaidh, chomh maith, go bhfaightear ‘gearáin mí-iompair’ in Acht ón mbliain 2009, is é sin, díshéimhiú nuair nach ainmní nó gníomhaí atá faoi réir ag ‘gearáin’: ‘gearáin mí-iompair arna ndéanamh léi faoin gCód Araíonachta i ndáil le habhcóidí’, *complaints of misconduct made to it under the Disciplinary Code in relation to barristers* (alt 33(1)(a) den Acht fán Ombudsman um Sheirbhísí Dlí, 2009) – féach, áfach, fomhír (ii) den rial, ar lch 221 ar lean., thíos.
- ⁴⁰ ‘Déantar fiosrúcháin chustaiméirí a chatagóiriú de réir an chórais chaighdeánaigh chatagóirithe glaonna a úsáidtear ar fud an líonra’ (www.citizensinformationboard.ie/about/.../annual_report2012_GA.pdf).
- ⁴¹ *such disagreement shall be submitted to arbitration by a tribunal of three arbitrators* (Airteagal x(c) den Chomhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta, 1960) – cf. ‘faoi chosaint phaitinne’ in ‘maidir le haon chonnra i dtaobh aon earra no próiseas fé chosaint phaitinne do dhíol’, *in relation to the sale ... of ... any article or process protected by a patent* (alt 54(1) den Acht Maoine Tionnscail agus Tráchtála (Cosaint), 1927).
- ⁴² ‘féadfaidh ollscoil comhoibriú le céimithe, le tionóil chéimithe agus le comhlachais atá ionadaitheach do chéimithe de chuid na hollscoile’, *a university ... may collaborate with graduates, convocations of graduates and with associations representing graduates of the university* (alt 13(2)(f) d’Acht na nOllscoileanna, 1997).

1990,⁴³ ‘gealltanais chumainn eile’ in Acht ón mbliain 1989,⁴⁴ ‘cruthúnais chreidiúnaithe eile’⁴⁵ agus ‘caiteachais chomhlachta shonraithe’⁴⁶ in Achtanna ón mbliain 1988, ‘caiteachais bhord sláinte’⁴⁷ agus ‘caiteachais chomhairlí contae’⁴⁸ in Acht ón mbliain 1981, ‘coigiltis chomhaltaí’ in Acht ón mbliain 1966,⁴⁹ ‘gealltáin gheallbhróicéirí’ in Acht ón mbliain 1964,⁵⁰ ‘stórais bhunachas liachta daingnithe’ in Acht ón mbliain 1962,⁵¹ agus ‘sealúchais bhanc eile’⁵² agus ‘sealúchais chomhalta amháin’⁵³ in Acht ón mbliain 1957.

⁴³ *a member's pensionable earnings* (alt 2 i gCuid A den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na bPinsean, 1990).

⁴⁴ ‘Ní mór do chumann, d’fhonn ... a ghealladh gealltanais chumainn eile a chomhall, a shocrú sin a dhéanamh trí rún speisialta’, *A society, in order to ... undertake to fulfil the engagements of another society, must resolve to do so by a special resolution* (alt 96(2) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989).

⁴⁵ ‘Gach creidiúnaí a mbeidh cruthúnas ar fhiach lóisteáilte aige beidh sé i dteideal cruthúnais chreidiúnaithe eile a fheiceáil’, *Every creditor who has lodged a proof of debt is entitled to see ... the proofs of other creditors* (alt 10 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Féimheachta, 1988).

⁴⁶ ‘Caiteachais chomhlachta shonraithe’, *Expenses of specified body* (teideal taoibhe alt 8 den Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988).

⁴⁷ ‘Caiteachais bhord sláinte a mhaoiniú’, *Financing of health board expenditure* (teideal taoibhe alt 218 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

⁴⁸ ‘Caiteachais chomhairlí contae’, *Expenses of county councils* (teideal taoibhe alt 287 den Acht thuasluaite).

⁴⁹ ‘coigiltis chomhaltaí a úsáid agus a rialú chun sochair dá chéile’, *the use and control of members' savings for their mutual benefit* (alt 2(1)(a)(iii) den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1966).

⁵⁰ *pawnbrokers' pledges* (alt 34 den Acht Geallbhróicéirí, 1964).

⁵¹ ‘Fanfaidh foirgnimh, ábhair agus stórais bhunachas liachta daingnithe na bhfórsaí armtha faoi réir dhlíthe an chogaidh’, *The buildings, material and stores of fixed medical establishments of the armed forces shall remain subject to the laws of war* (Airteagal 33 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962) – arís, bheadh ort tamall machnaimh a chaitheamh ar an sampla seo ó thaobh riail nua an Chaighdeáin Athbhreithnithe, agus ní móide go gcuirfeadh gach aon duine san áireamh é ó thaobh na rialach sin.

⁵² ‘Féadfaidh an Ciste ... sealúchais foras oifigiúla eile nó sealúchais bhanc eile i gcríocha an chomhalta sin d’áireamh mar shealúchais oifigiúla’, *The holdings of other official institutions or other banks within its territories may ... be deemed by the Fund ... to be official holdings* (Airteagal XIX(c) i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957).

⁵³ ‘Má gheibhtear amach ... sealúchais chomhalta amháin d’airgeadra chomhalta eile ... a bheith tar éis méadú’, *If ... a member's holdings of another member's currency ... are found to have increased* (alt 7(b)(ii) d’Airteagal V i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht san fhonóta deiridh sin thuas).

Fomhír (ii): cuspóir

Ar thamall machnaimh a chaitheamh lena dheimhniú nach dócha gur ainmní nó gníomhaí ach cuspóir atá in ‘capall’ i dteideal na Achta ‘an tAcht Síolrúcháin Chapall, 1990’,⁵⁴ d’fhéadfaí é a chur as an áireamh fad a bhaineann leis an riail dhíshéimhithe sin a bhí faoi chaibidil againn thuas.⁵⁵ Is amhlaidh, áfach, faoi fhomhír eile den mhír sa Chaighdeán Athbhreithnithe a bhaineann leis an ainm briathartha, go mbeadh séimhiú le baint de leithéid ‘capall’ thuas más cuspóir an ainm bhriathartha atá ann. De réir na rialach nua seo sa Chaighdeán Athbhreithnithe, ‘ar lorg ainm briathartha nó ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl, sa chás gurb é an dara hainmfhocal an cuspóir, cibé acu atá réamhfhocal roimh an ainm briathartha nó nach bhfuil’ ní shéimhítear an dara hainmfhocal sin. Is iad seo a leanas na heiseamláirí a thugtar:

*oilíúint múinteoirí, tástáil páirteanna, eisiúint preasráiteas, giniúint cumbachta, ag tógáil potaí, ceartúcháin profa, réitigh conspóide.*⁵⁶

Cáilítear an riail leis an abairt seo a leanas, a fhaightear idir lúibíní i ndiaidh na n-eiseamláirí sin:

ach i gcorrleagan seanbhunaithe i gcás ainm briathartha a bhfuil réamhfhocal roimhe, séimhítear an dara hainmfhocal, e.g., *ag fáil bháis*.

Mar a léiríonn an abairt sin ach go háirithe, is leagan d’abairt a ghabhann leis na heisceachtaí ó riail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil atá i riail an Chaighdeán Athbhreithnithe. Bhí riail an Chaighdeán Oifigiúil teoranta, áfach, d’ainmneacha briathartha a raibh réamhfhocal rompu:

Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte i ndiaidh ainm bhriathartha a bhfuil réamhfhocal roimhe, e.g., *ag tógáil potaí, ag cur prátaí, ar thógáil cathrach*, ach i gcorrleagan seanbhunaithe, e.g., *ag fáil bháis*.⁵⁷

Ag díriú dúinn, ar dtús, ar an easpa séimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil nuair a bhíonn réamhfhocal ag gabháil leis an ainm briathartha, tacaíonn na samplaí ó údair Ghaeltachta i Nua-Chorpas na hÉireann le ‘ag tógáil potaí’ seachas ‘ag tógáil photaí’ – díol spéise, áfach, go ngabhann ‘gliomach’ nó ‘gliomacha’ le ‘potaí’ i dtrí cinn de na samplaí, agus nach bhfaightear ach sampla amháin de ‘potaí’ gan

⁵⁴ *the Horse Breeding Act, 1990.*

⁵⁵ Chuirfí as an áireamh é, pé scéal é, faoin riail nua sa Chaighdeán Athbhreithnithe nach séimhítear ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnih uatha dar críoch consan caol – féach Caibidil 13 thíos.

⁵⁶ Tabhair do d’aire, i gcás na dtrí eiseamláir thosaigh sin, gur ainmfhocal iolra atá sa ghinideach agus, mar a chonaicamar i gCaibidil 9 thuas – agus mar a dúramar i gcás an tsampla sin ‘obair pholaiteoirí’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe, chomh maith – ní bheadh séimhiú ar na hainmfhocail sin, de réir an Chaighdeán Athbhreithnithe, cuma cén saghas ainmfhocail a ghabhadh rompu.

⁵⁷ Féach Foscríbhinn 1 leis seo thíos.

aon ainmfhocal sa ghinideach agus é faoi réir ag ‘potaí’.⁵⁸ Gabhann ‘ag’ leis an abairt sin sna samplaí go léir a fhaightear sa Nua-Chorpas ó údair Ghaeltachta, mar a ghabhann san abairt ‘ag tógáil clainne’, mar shampla, chomh maith.

Má thógaimid abairt eile, faighimid sampla de ‘baint mhóna’ ó Inis Meáin sa Nua-Chorpas,⁵⁹ ach is mó go mór é líon na samplaí de ‘ag baint mhóna’ a fhaightear ann, agus na samplaí sin ó Ráth Cairn, Ros Muc agus Corca Dhuibhne, i measc áiteanna eile,⁶⁰ agus gan ach ceithre shampla den leagan díshéimhithe, ‘ag baint móna’, ar fáil ó údair Ghaeltachta.⁶¹ Faighimid ‘aimsir bhainte phrátaí’ ó Phádraig Ó Cíobháin (Corca Dhuibhne),⁶² ach faightear i bhfad níos mó samplaí de ‘ag baint phrátaí’ – ó leithéidí an Chriomhthanaigh agus Phádraig Uí Bhaoighill (Tír Chonaill) – ná mar a fhaightear den abairt sin gan an réamhfhocal ag gabháil léi, agus arís is mó samplaí a fhaightear leis an séimhiú ar ‘prátaí’ ná gan an séimhiú sin. Is ‘ag baint bhairneach’ a fhaighimid ón gCriomhthanach ach ‘ag baint bairnigh’ ó Pheadar Ó Concheanainn (Inis Meáin), agus ‘ag baint bairneach’ ó Mhícheál Ua Ciarmhaic (Uíbh Ráthach), mar shampla.⁶³ Ag cur san áireamh an claonadh atá ann ‘f’ tosaigh a fhágáil gan séimhiú, is díol suntais é go bhfaighimid níos mó ná a dhá oiread samplaí de ‘ag baint fheamainne’ ná mar a fhaighimid de ‘ag baint feamainne’⁶⁴ agus, arís, bíonn ‘ag’ ag gabháil leis an abairt sin.⁶⁵ Ar an lámh eile, faighimid a dhá oiread samplaí de ‘ag baint

⁵⁸ Níl ‘Bhíodh iascairí gliomach amuigh go moch gach lá ag tógáil potaí’ (Donla Uí Bhraonáin, *Bád Shíle*, 1996) á áireamh anseo tharla gur aistriúchán ar leabhar do dhéagóirí atá ann, arna fhoilsiú ag an nGúm, agus gur dócha gur cuireadh an Caighdeán Oifigiúil i bhfeidhm air dá bharr sin.

⁵⁹ ‘Glaonn daoine sclábhaíocht ar shórt anró ar bith a bheas orthu a bhaineas braon allais astu, cuir i gcás, ag cur fataí, spealadóireacht, baint mhóna agus oibreacha den tsórt sin’ (Peadar Ó Concheanainn, *Inis Meáin: Seanchas agus Scéalta*, 1993).

⁶⁰ M.sh., ‘Chaithfí a ghoil amach ar an bportach ag baint mhóna, chaithfeadh fear an tsleáin an mhóin a bhaint’ (Conchúr Ó Giollagáin, *Stairsheanchas Mhicil Chonraí – Ón Máimín go Ráth Chairn*, 1999), ‘Is iomaí lá sona a chaith an chlann ag baint mhóna, á gróigeadh agus ag ól tae i measc an aittinn agus an fhraoigh’ (Máirín Uí Dhubhda, Meta Uí Mháille, Máire Uí Chonaola agus Máire Seoighe [Ros Muc], *Idir Mná*, 1995), agus ‘Bhí cuid den talamh garbh agus is cuimhin liom a bheith ag baint mhóna i bpáirt di’ (Domhnall Mac an tSíthigh [Corca Dhuibhne], *An Baile i bhFad Siar*, 2000).

⁶¹ Díol suntais gur ‘ag baint móna’, ‘ag baint coirce’ agus ‘ag baint féir’ atá ag an Athair Peadar in *Mo Scéal Féin* (1915).

⁶² ‘na piastaí do mo ithe faoi mar a d’íosfáidís trí phráta gormghlas gréine a bheadh caite i gclais aimsir bhainte phrátaí mar nach béas le héinne a thuigeann cad is práta maith ann iad a ithe’ (Pádraig Ó Cíobháin, *An Grá faoi Cheilt*, 1992).

⁶³ Faightear ‘ag baint bairneach’ in *Idir Mná*, le Máirín Uí Dhubhda, Meta Uí Mháille agus Máire Uí Chonaola (Ros Muc), chomh maith.

⁶⁴ Bíonn an abairt faoi shéimhiú agus gan séimhiú araon ag na húdair chéanna i gcásanna áirithe díobhsan.

⁶⁵ Eisceacht ón taobh sin de atá in ‘Ní raibh contúirt ar bith ag baint le obair Chondae na Mí mar a bhí le baint feamainne i gConamara’ (Conchúr Ó Giollagáin, *op. cit.* – faighimid roinnt samplaí de ‘ag baint fheamainne’ agus sampla amháin de ‘ag baint feamainne’ sa

féir' ná mar a fhaighimid de 'ag baint fhéir',⁶⁶ le 'ag' ag gabháil leis an abairt sin,⁶⁷ chomh maith.

Ainmneacha briathartha gan réamhfhocal rompu

Níl aon dabht, áfach, ná go mbaintear an-leas as ainmneacha briathartha nach mbíonn réamhfhocal rompu agus a mbíonn ainmfhocal sa ghinideach faoi réir acu, go háirithe i réimse na reachtaíochta. Agus faightear go leor samplaí i bhFoclóir Uí Dhónaill den easpa séimhithe ar an ainmfhocal sin sa ghinideach agus é faoi réir ag an ainm briathartha.⁶⁸ Ar na samplaí sin tá:

admháil creidimh; breith clainne / searraigh; bruith fola; ceilt báis / bróin; cogaint cainte; cosaint cirt / cúise; cúrsáil giorriacha; deighilt críche; éisteacht cúise; fógairt cogaidh; foghlaim ceachtanna / teangacha / ceirde; freagairt gnó;⁶⁹ fuascailt braighdeanach / ceiste / baile / dúin; fulaingt péine / géarleanúna; gabháil giall,⁷⁰ / ceannais / capaill / báid;⁷¹ gairm slógaidh; giniúint gaile / gáis;⁷² iasacht morgáiste; imirt cártaí / peile / carthanachta⁷³ /

saothar céanna sin).

⁶⁶ Faighimid an líon céanna samplaí de 'ag baint an fhéir' is a fhaighimid de 'ag baint féir'.

⁶⁷ Ar ndóigh, faighimid roinnt samplaí den abairt 'baint an fhéir', gan 'ag' a bheith ag gabháil leis an abairt, ó údair Ghaeltachta – an rince den ainm sin san áireamh (cf. ainm an phoirt 'Bean ag Baint Duilisc', gona easpa séimhithe ar 'd' tosaigh ar lorg 't' deiridh).

⁶⁸ Thug Máire Nic Mhaoláin 'cnáfairt píopa' ar aird ina halt 'A thuilleadh faoin gCaighdeán' (*Teangeolas*, 1983, lch 6), mar ar scríobh sí gur 'cuspóir domhain' ag 'cnáfairt' é 'píopa' – 'déantar an píopa a chnáfairt': 'Ó thaobh na gramadaí de, is geall le hainm briathartha é *cnáfairt* a mbeadh réamhfhocal ag teacht roimhe de ghnáth, e.g. *ag cnáfairt píopa*', agus 'chrosfadh [an Caighdeán Oifigiúil] séimhiú ansin'. Ina mhonagraf *Ainmfhocail faoi réir a chéile* (1996, lch 7), agus é ag trácht ar riail na heaspa séimhithe 'ar lorg ainm bhriathartha a bhfuil réamhfhocal roimhe' in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960), scríobh Maolmhaodhóg Ó Ruairc gurbh fhéidir cur leis an riail: 'Ní chuirtear séimhiú ach oiread ar ainmfhocal ar lorg ainmfhocail (éiginnte) atá ar aon fhoirm le hainm briathartha go fiú gan réamhfhocal roimhe ar nós *cosaint; fulaingt; gabháil; labhairt; meilt; roinnt; satailt; tabhairt; tarraingt; tiomáint; titim; tógáil; treascairt*.' Agus in eagrán 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* áiríodh sna heisceachtaí ó riail an tséimhithe ar ghinideach ainmfhocail éiginnte nó ainm bhriathartha nár ghnách séimhiú 'ar lorg ainmfhocail éiginnte atá ar aon fhoirm le hainm briathartha' agus tugadh 'cosaint cúise', 'fulaingt péine' agus 'tiomáint gluaisteáin' as FGB mar shamplaí de sin. Féach fonótaí 35 agus 36 thuas, faoi seach, maidir leis an tslí ar chuir an Coiste Téarmaíochta (2003) agus Micheál Ó Murchú (2003) araon an easpa séimhithe seo san áireamh, chomh maith, agus féach Foscríbhinn 5 maidir leis an tslí ar áiríodh an easpa séimhithe 'más ainmfhocal éiginnte i ndiaidh ainm briathartha atá ann' in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011).

⁶⁹ *attention to business* (FGB, s.v. 'freagairt').

⁷⁰ *taking of hostages* – cf. 'gabháil gall ar Éirinn', *foreign occupation of Ireland* (FGB, s.v. 'gabháil').

⁷¹ *control of boat* (*ibid.*).

⁷² *generation of steam/gas* (FGB, s.v. 'giniúint').

⁷³ *the exercise of friendship* (FGB, s.v. 'imirt').

*feirge*⁷⁴ / *faltanais*;⁷⁵ *iomáin bó / caorach; iomalairt breithe*;⁷⁶
iongabháil feirge;⁷⁷ *lamháil cirt*;⁷⁸ *líneáil cóta / bosca;*
lódáil gunna; meilt mianaigh / bia / maoinne; mianadóireacht guail;
múscailt misnigh; robáil bainc; roinnt maoinne / cártaí; ruachan páipéir;⁷⁹
sábháil móna; seinm cláirsí / píob / ceoil; sóinseáil punt / bia;⁸⁰
*stuáil casóige*⁸¹ / *prátaí; tabhairt bainne / bronntanas / carthanachta /*
cairde / cruithneachta;⁸² *táin bó; taispeáint cáipéisí; tarraingt cloch;*
*tiomáint gluaisteáin; tochailt gairbhéil; tógáil meáchan / croí / paisinéirí*⁸³ /
*campa*⁸⁴ / *ceirde / cíosa / creiche agus treascairt crann.*

I dtaca leis an gcéad téarma sin thuas, ‘admháil creidimh’, is amhlaidh gur ‘admháil chreidimh’ atá sa Bhunreacht.⁸⁵ I dtaca le ‘mianadóireacht guail’ faighimid ‘mianadóireacht ghuail’ i dteideal fada Achta ón mbliain 1956.⁸⁶ ‘Seinm ceoil ag bannaí’ a fhaighimid in Acht ón mbliain 1946,⁸⁷ i gcomórtas le ‘banna ceoil do sheinm cheoil’ in Acht ón mbliain 1931,⁸⁸ agus gabhann an réamhfhocail ‘do’ roimh ‘tabhairt bronntanas’ agus ‘tiomáint gluaisteán’, chomh maith, in Achtanna ó

⁷⁴ *the venting of spleen (ibid.).*

⁷⁵ *the venting of spite (ibid.).*

⁷⁶ *commutation of sentence (FGB, s.v. ‘iomalairt’).*

⁷⁷ *restraining of anger (FGB, s.v. ‘iongabháil’).*

⁷⁸ *the granting of a right (FGB, s.v. ‘lamháil’).*

⁷⁹ *foxing of paper (FGB, s.v. ‘ruachan’).*

⁸⁰ *change of food (FGB, s.v. ‘sóinseáil’)* – tabhairt do d’aire, i dtaca le ‘sóinseáil punt’ thuas, go dtugann an Duinníneach ‘sóinseáil punt’, *change of a pound*, chomh maith, s.v. ‘sóinseáil’, a bhfuil na bríonna *act of changing, a change (in weather), change (of money), cash, money, arrears, debt* leis san fhoclóir sin.

⁸¹ *padding of jacket (FGB, s.v. ‘stuáil’).*

⁸² ‘Tá tabhairt cruithneachta sa talamh sin’, *that land can produce wheat* (FGB, s.v. ‘tabhairt’) – tabhairt do d’aire go dtugann an Duinníneach ‘rinne sé tabhairt mhaith bháistighe’, *there was a heavy shower*, s.v. ‘tabhairt’.

⁸³ ‘tógáil paisinéirí ar bord’, *embarkation of passengers* (FGB, s.v. ‘tógáil’).

⁸⁴ *striking of camp (ibid.).*

⁸⁵ Féach Airteagal 44.2.3^o: ‘Ní cead don Stát neach do chur fá mhí-chumas ar bith ná aon idirdhealú do dhéanamh mar gheall ar chreideamh nó admháil chreidimh nó céim i gcúrsaíbh creidimh’, *The State shall not impose any disabilities or make any discrimination on the ground of religious profession, belief or status.*

⁸⁶ ‘Acht do dhéanamh Socruithe, maidir le Brabúis as Mianadóireacht Ghuail ..., chun Faoiseamh Sealadach a thabhairt ó Chánachas’, *An Act to provide, in relation to Profits from Coal-Mining ..., for Temporary Relief from Taxation* (teideal fada an Achta Airgeadais (Forála Ilghnéitheacha), 1956).

⁸⁷ *Band performances* (teideal taoibhe alt 75 den Acht Rialtais Áitiúil, 1946).

⁸⁸ ‘mara mbeadh gurbh ítim sa tsiamsa san banna ceoil do sheinm cheoil no léiriú ceolmhar eile’, *but for the inclusion in such entertainment of an item consisting of a band or other musical performance* (alt 23 den Acht Airgid, 1931).

na blianta 1976⁸⁹ agus 1932,⁹⁰ faoi seach. Is díol suntais é go ndealraíonn sé nach bhfaightear na téarmaí nó na habairtí eile sin sa liosta sin thuas sna hAchtanna ar *www.achtanna.ie*.

I bhFoclóir Uí Dhónaill féin faightear na samplaí séimhithe seo a leanas:

‘bruith thoinne’⁹¹ (i gcomórtas le ‘bruith fola’ thuas),
‘cuimilt bhoise’,⁹² ‘díobháil choirp’,⁹³ ‘gabháil mhóna’,⁹⁴
‘gabháil cheoil / fhoinn’⁹⁵ (i gcomórtas le ‘gabháil giall’ thuas),
‘goin chléibh / chroí’,⁹⁶ ‘iomlaoid chomhrá’,⁹⁷
‘léim chuaille’,⁹⁸ ‘malairt chainte’,⁹⁹ ‘malairt choirp’,¹⁰⁰
‘meá chruithneachta’,¹⁰¹ ‘oilíúint choirp’,¹⁰²
‘plandáil chadáis’,¹⁰³ ‘suirbhéireacht chainníochta’,¹⁰⁴
‘tairiscint chúnta’¹⁰⁵ agus ‘trádáil ghuail’.¹⁰⁶

⁸⁹ ‘I gcás cuideachta do thabhairt bronntanas lena mbaineann alt 547 den Acht Cánach Ioncaim, 1967’, *Where a gift to which section 547 of the Income Tax Act, 1967, applies is made by a company* (alt 27 sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Corparáide, 1976).

⁹⁰ ‘Daoine nea-cheadúnaithe do thiomáint gluaisteán’, *Driving of motor cars by unlicensed persons* (teideal taoibhe alt 6 den Acht um Chomóradh Chuirp Chríost (Forálacha Ilghnéitheacha), 1932).

⁹¹ ‘Bhí bruith thoinne uirthi mar nach bhfaca sí an litir’, *she was seething, envious, because she did not see the letter* (FGB, s.v. ‘bruith’; tugtar an bhrí thánaisteach ‘craiceann’ le ‘tonn’ san fhoclóir sin); tabhair do d’aire go dtugtar leagan malartach firinsneach de ‘bruith’ in FGB, chomh maith.

⁹² *a stroke of the palm, palm-stroking; coaxing* (FGB, s.v. ‘cuimilt’).

⁹³ *bodily harm* (FGB, s.v. ‘díobháil’).

⁹⁴ *armful of turf* (FGB, s.v. ‘gabháil’, mar a bhfaightear ‘gabháil féir’, *armful of hay*, chomh maith) – dar le Micheál Ó Murchú (*op. cit.*, lch 159), go bhfuil codarsnacht i gceist idir ‘gabháil móna’ agus ‘gabháil mhóna’ – gur gníomh atá i gceist sa leagan díshéimhithe agus méid áirithe atá i gceist sa leagan séimhithe; sa tslí chéanna déanann sé idirdhealú idir ‘tógáil cathrach’ [gníomh] agus ‘tógáil chathrach’ [an cineál tógála a gheofaí].

⁹⁵ *singing* (FGB, s.v. ‘gabháil’).

⁹⁶ *body- / heart-wound* (FGB, s.v. ‘goin’²).

⁹⁷ *change of conversation, digression* (FGB, s.v. ‘iomlaoid’).

⁹⁸ *pole vault* (FGB, s.v. ‘léim’).

⁹⁹ ‘Thug siad malairt chainte dá chéile’, *they exchanged words* (FGB, s.v. ‘malairt’).

¹⁰⁰ ‘malairt choirp agus anama’, *ruination of body and soul* (*ibid.*).

¹⁰¹ *a measure of wheat* (FGB, s.v. ‘meá’¹).

¹⁰² ‘oilíúint choirp agus intinne’, *physical and mental training* (FGB, s.v. ‘oilíúint’).

¹⁰³ *cotton plantation* (FGB, s.v. ‘plandáil’¹).

¹⁰⁴ *quantity-surveying* (FGB, s.v. ‘suirbhéireacht’).

¹⁰⁵ *offer to help* (FGB, s.v. ‘tairiscint’).

¹⁰⁶ *coal-trade* (FGB, s.v. ‘trádáil’).

Arís, is díol suntais é go ndealraíonn sé nach bhfaightear aon cheann de na téarmaí nó na habairtí sa liosta sin thuas, arna shéimhiú nó gan séimhiú, sna hAchtanna ar *www.achtanna.ie*.

Le samplaí eile a thabhairt as na hAchtanna d’ainm briathartha, nó ainmfhocal ‘a chuireann gníomh in iúl’, agus é á leanúint ag ainmfhocal sa ghinideach arb é a chuspóir é, féach, i gcás téarmaí nó abairtí leis an ainm briathartha ‘forbairt’, leithéidí ‘forbairt bhóthair’,¹⁰⁷ ‘forbairt ghnó’,¹⁰⁸ ‘forbairt gheilleagair’,¹⁰⁹ ‘forbairt mhara’,¹¹⁰ ‘forbairt mhianaigh’,¹¹¹ ‘forbairt mhianadóireachta’,¹¹² ‘forbairt pheitriliam’¹¹³ agus ‘forbairt phobail’.¹¹⁴ Ar an láimh eile faightear sampla den easpa séimhithe ar lorg ‘forbairt’ i dteideal Achta ón mbliain 2008, ‘an tAcht um Fhorbairt Príosúin (Rúin a



¹⁰⁷ ‘oibreacha a ghabhann leis an bhforbairt bhóthair sin’, *works ancillary to such road development* (alt 4(1)(ia) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna chur isteach le halt 5(a)(ii) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010) – cf. alt 50(4)(c)(i)(V) agus alt 215(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

¹⁰⁸ ‘taighde ar fhorbairt ghnó agus ar thaithí ar fhorbairt ghnó’, *research on business development and experience of business development* (alt 1.2(a) i gCuid 3 d’Iarscríbhinn 2 leis an gComhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 – cf. alt 8(1)(f) den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998).

¹⁰⁹ ‘ag féachaint dó go cuí ... d’fhorbairt gheilleagair an náisiúin a spreagadh’, *with due regard to ... the encouragement of national economic development* (alt 7(1) den Acht Iompair, 1958) – cf. ‘forbairt fholláin gheilleagair an domhain’, *healthy development of the world economy* (an brollach leis an gComhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta, 1960).

¹¹⁰ ‘a bhaineann le taighde mara agus forbairt mhara’, *relating to marine research and development* (alt 4(4) den Acht um Fhoras na Mara, 1991, arna chur isteach le halt 30(a) den Acht Iascaigh (Leasú), 1999).

¹¹¹ ‘Faoisimh do Chaiteachas áirithe ar Thaighde Eolaíochta, ar Fhorbairt Mhianaigh’, *Relief for certain Expenditure ... on Mining Development* (ceannteideal Chuid xiv den Acht Cánach Ioncaim, 1967).

¹¹² ‘Liúntas i leith Caiteachais Chaipitiúil ar Fhorbairt Mhianadóireachta’, *Allowances for Capital Expenditure on Mine Development* (ceannteideal Chaibidil 2 i gCuid xiv den Acht san fhonóta roimhe seo thuas).

¹¹³ ‘An tAcht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960’, *the Petroleum and Other Minerals Development Act, 1960* – cf. ceannteideal Chaibidil III i gCuid II den Acht: ‘Taiscéalaíocht agus forbairt pheitriliam’, *Exploration and development of petroleum*.

¹¹⁴ ‘folaíonn “forbairt phobail” forbairt áitiúil agus scéimeanna lena dtugtar tacaíocht do phobail d’fhonn a chumasú dóibh saol na ndaoine sna pobail a fheabhsú’, *“community development” includes local development and schemes that provide support for communities in order to enable them to improve the lives of the members of the communities* (alt 1 den Acht um Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007 – cf. alt 4(1)(i) den Acht um an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Pobail, 1982).

Dhaingniú), 2008’,¹¹⁵ agus in ‘forbairt gréasáin iompair phoiblí’ in Acht eile ón mbliain chéanna sin 2008.¹¹⁶

Le fillleadh ar shamplaí séimhithe eile sna hAchtanna, féach ‘aithint bhreithiúnais’,¹¹⁷ ‘aithint chon folaíochta’,¹¹⁸ ‘na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004’,¹¹⁹ ‘gáinneáil mhótarfheithiclí goidte’,¹²⁰ ‘an tsocraíocht chuntas’,¹²¹ ‘toghairm ghiúróirí’,¹²² ‘úsáid ghairis den sórt sin’¹²³ agus ‘úsáid ghairis fhorordaithe’.¹²⁴ Agus le samplaí ón tréimhse roimh 1958 a thabhairt, faighimid ‘aistarraingt mháil’ in Acht ó 1957¹²⁵ agus ‘tarraingt bhreosla’ in Acht ón mbliain

¹¹⁵ *the Prison Development (Confirmation of Resolutions) Act 2008* (Acht Uimh. 10 de 2008).

¹¹⁶ ‘forbairt gréasáin iompair phoiblí atá comhtháite ... a chur chun cinn’, *promote the development of an integrated ... public transport network* (alt 11(1)(b) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008).

¹¹⁷ ‘Aon pháirtí leasmhar a thabharfaidh aithint bhreithiúnais faoi thrácht mar phríomhshaincheist i gconspóid’, *Any interested party who raises the recognition of a judgment as the principal issue in a dispute* (Airteagal 26 den Choinbhinsiún sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998).

¹¹⁸ ‘sonraí i dtaobh síolrú agus aithint chon folaíochta’, *particulars in respect of the breeding and identification of thoroughbred greyhounds* (alt 14(1) sa Sceideal a ghabhann le hAcht Tionscail na gCon, 1958).

¹¹⁹ *The Maternity Protection Acts, 1994 and 2004*.

¹²⁰ ‘ceannaíocht i ndaoine agus gáinneáil mhótarfheithiclí goidte a chosc’, *to prevent ... trade in human beings and motor vehicle crime* (an chéad fhomhír i mír (2) d’Airteagal 2 de Choinbhinsiún Europol, arna leasú le hAirteagal 1(1)(a) den Phrótacal sa Deichiú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Europol, 1997, arna chur leis an Acht sin le halt 4 den Acht um Europol (Leasú), 2006).

¹²¹ ‘Déanfaidh an Chorporáid socrú i dtaobh stoc caipitil an Rialtais sin a athcheannach mar chuid den tsocraíocht chuntas leis an rialtas sin’, *The Corporation shall arrange for the repurchase of such government’s capital stock as a part of the settlement of accounts with it* (alt 4 d’Airteagal v sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um an gCorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta, 1958).

¹²² ‘toghairm ghiúróirí’, *the summoning of jurors* (alt 8 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Daingnithe Ordaithe Shealadaigh Rialtais Áitiúil, 1965).

¹²³ ‘tabharfar oiliúint agus cleachtadh ar úsáid ghairis den sórt sin ... do leor-líon de na daoine a fhostaítear’, *a sufficient number of the persons employed ... shall be trained and practised in the use of such apparatus* (alt 38(1)(e) den Acht Monarchan, 1955, arna ionadú le halt 21 den Acht um Shábháilteacht i dTionscail, 1980).

¹²⁴ ‘Féadfar, le rialacháin, ceanglais a chur ar bhainisteoirí mianaigh maidir le húsáid ghairis fhorordaithe ... chun aon chuspóir dá luaitear san alt seo a thabhairt i gcrích’, *Regulations may impose upon managers of mines such requirements with respect to the use of prescribed apparatus ... for the purpose of attaining any of the objects mentioned in this section* (alt 70(3) den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965).

¹²⁵ ‘I gcás aistarraingt a bheith iníoctha i leith tobac ar ar híocadh an dleacht mháil a forchuirtear le fo-alt (1) den alt seo, is aistarraingt mháil a bheas inti’, *Where drawback is payable in respect of tobacco on which the excise duty imposed by subsection (1) of this section has been paid, such drawback shall ... be a drawback of excise* (alt 8(7) den Acht

1952.¹²⁶ Faoin teideal taoibhe ‘Toirmeasc ar mheilt mhine coirce do bheith ar siúl ag daoine nea-chláruithe’,¹²⁷ in Acht ón mbliain 1934, foráiltear mar a leanas: ‘An lá ceaptha agus dá éis ní bheidh sé dleathach do dhuine ar bith meilt choirce ina mhin choirce do bheith ar siúl aige mar ghnó’.¹²⁸ Faighimid ‘cosaint ghéim’ agus ‘tréineáil mhadraí’ in Acht ón mbliain 1930,¹²⁹ ‘seachaint bhíllí díola’ in Acht ón mbliain 1927¹³⁰ agus ‘cosaint phearsan agus mhaoine’ in Acht ón mbliain 1924.¹³¹

Ginideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh

Arís, murab ionann agus an leagan de riail an Chaighdeáin Oifigiúil a fhaightear sna ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’¹³² agus sna samplaí agus eiseamláirí den leagan den riail a áiríonn Micheál Ó Murchú ina alt ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’,¹³³ déantar an t-ainmfhocal atá sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol a áireamh i riail nua an Chaighdeáin Athbhreithnithe. Faoi mar a chonaiceamar thuas, áirítear ‘ceartúcháin

Airgeadais, 1957).

¹²⁶ ‘ach gan tarraingt bhreosla d’áireamh más mar earra le díol a hiompraítear é’, *but excluding the haulage of fuel if being transported as a commodity for sale* (alt 3(a)(i) i gCuid II den Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952).

¹²⁷ *Prohibition of carrying on business of oatmeal milling by unregistered persons* (teideal taoibhe alt 54 den Acht Tora Talmhaíochta (Arbhar), 1934).

¹²⁸ *On and after the appointed day it shall not be lawful for any person to carry on the business of milling oats into oatmeal* (alt 54(1) den Acht a luaitear san fhonóta roimhe seo thuas).

¹²⁹ ‘aon chumann, comhlachas no club do bunúodh chun cosaint ghéim do chur ar aghaidh no chun síolrú no tréineáil mhadraí a húsáidtear i bhfiadhach géim do chur ar aghaidh’, *any society, association, or club formed for the promotion of the preservation of game or for the promotion or improvement of the breeding or training of dogs used in the pursuit of game* (alt 15(1) den Acht chun Géim do Chosaint, 1930).

¹³⁰ ‘Seachaint bhíllí díola ar stoc feirmeoireachta’, *Avoidance of bills of sale on farming stock* (teideal taoibhe alt 32 den Acht Cáirde Talmhaíochta, 1927) – ar an láimh eile, faighimid ‘Seachaint cánach’, *Tax avoidance*, mar theideal taoibhe alt 41 den Acht Airgeadais, 1974.

¹³¹ ‘Cosaint na Puiblíochta agus Cosaint Phearsan agus Mhaoine’, *the Preservation of Public Safety and the Protection of Person and Property* (teideal fada an Achta Shealadaigh chun Cosanta na Puiblíochta (Comhachta Gabhála agus Coinneála), 1924).

¹³² An Coiste Téarmaíochta, *op. cit.*, mír (ii) faoi alt 2, ‘Loime’ – féach fonóta 35 roimhe seo thuas, maille le Foscribhinn 4 leis seo thíos.

¹³³ Micheál Ó Murchú, *op. cit.*, lch 159, alt 3, faoin gceannteideal ‘Loime’: ‘L3. ainm briathartha (nó a chómhaith) móide ainmní nó cuspóir’ – an sampla tosaigh a thugann sé, agus an sampla tosaigh a thugtar i moltaí an Choiste Téarmaíochta, chomh maith, ná ‘admháil creidimh’, a bhí faoi chaibidil againn thuas; tugann sé ‘oilíuint múinteoirí’, chomh maith, as *Foclóir Parlaiminte* (eag. Clive Leo McNeir agus Éamonn Ó hÓgáin, 2001) – is é sin atá mar eiseamláir thosaigh i riail nua an Chaighdeáin Athbhreithnithe.

profa’ agus ‘réitigh conspóide’ ar eiseamláirí na rialach sin. Bheadh séimhiú ar ‘profa’ agus ar an nginideach de ‘conspóid’ araon de réir an Chaighdeáin Oifigiúil agus faightear séimhiú ar a leithéidí sna hAchtanna. Má thógaimid ‘ceartúcháin profa’ ar dtús, is amhlaidh go dtagraítear sna hAchtanna do ‘aicmiúcháin bhóithre’,¹³⁴ ‘ceapacháin chomhaltaí’,¹³⁵ ‘coimeádáin ghaile’,¹³⁶ ‘díolacháin bheostoic’,¹³⁷ ‘glacadáin ghaile’,¹³⁸ ‘meastacháin fháltais agus chaiteachais’,¹³⁹ ‘oibreacháin mhianaigh’,¹⁴⁰ ‘ordacháin bheartais’,¹⁴¹ ‘toghcháin choimeádaithe’¹⁴² agus ‘tuairisceáin chánach’.¹⁴³ Bheadh ar dhuine tamall machnaimh a chaitheamh ar leithéid ‘greamáin chairpéid’,¹⁴⁴ lena dheimhniú an gníomhaí nó cuspóir a bhí in

¹³⁴ ‘Tagairtí d’aicmiúcháin bhóithre in achtachán roimhe seo’, *References to road classifications in previous enactment* (teideal taoibhe alt 9 d’Acht na mBóithre, 1993).

¹³⁵ ‘Na ceapacháin chomhaltaí do choistí freastal scoile a dhéanfaí ... faoi fho-alt (3) den phríomhalt sa bhliain 1965’, *The appointments of members of school attendance committees which ... would be made under subsection (3) of the principal section in the year 1965* (alt 3(2) den Acht um Thoghcháin Áitiúla, 1965).

¹³⁶ ‘Glacadáin ghaile agus coimeádáin ghaile’, *Steam receivers and steam containers* (teideal taoibhe alt 41 den Acht Monarchan, 1955).

¹³⁷ ‘ciallaíonn “gnó margalainne beostoic” gnó díola beostoic ar ceant nó ionad, arna oiriúnú chun beostoc a dhíol ar ceant, a chur ar fáil chun díolacháin bheostoic ar ceant nó ar shlí eile a dhéanamh’, “*business of a livestock mart*” means the business of selling livestock by auction or providing, for the holding of sales of livestock by auction or otherwise, a place adapted for the sale of livestock by auction (alt 1 den Acht um Margalanna Beostoic, 1967) – ar an lámh eile, féach ‘Ní bheidh leas tairbhúil ag cathaoirleach an Bhoird ... i ndíolacháin phoiblí con a chur ar siúl’, *The chairman of the Board shall not be beneficially interested in ... the holding ... of public sales of greyhounds* (alt 8(3) d’Acht Tionscail na gCon, 1958), agus, mar shampla den díshéimhiú as Acht níos nua-aimseartha, féach ‘suimeanna a gnóthaíodh as díolacháin maoinne sa ráithe iomchuí’, *sums recovered from property sales in the relevant quarter* (alt 55(6)(g) den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009).

¹³⁸ ‘Glacadáin ghaile’, *Steam receivers* (teideal taoibhe alt 32 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal, 1980).

¹³⁹ ‘meastacháin fháltais agus chaiteachais Shaorstáit Éireann i gcóir na bliana san’, *the Estimates of receipts and expenditure of the Irish Free State ... for that year* (Airteagal 36 de Bhunreacht Shaorstáit Éireann, 1922, san Acht um Bun-reacht Shaorstáit Éireann, 1922).

¹⁴⁰ ‘measfar oibreacháin mhianaigh a bhfuil comhchóras aeraithe acu ... a bheith ina gcuid den mhianach céanna’, *mine workings having a common system of ventilation ... shall be deemed to form part of the same mine* (alt 5(2) den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965).

¹⁴¹ ‘Ordacháin bheartais ón Aire’, *Ministerial policy directions* (teideal taoibhe alt 26 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008).

¹⁴² ‘Dleachta ceadúnais áirithe a eisceadh nuair a bheas an scála vótaí á ríomh i dtoghcháin choimeádaithe’, *Exclusion of certain licence duties in computing scale of votes at elections of conservators* (teideal taoibhe alt 6 den Acht Iascaigh (Leasú), 1958).

¹⁴³ ‘Tuairisceáin chánach’, *Tax returns* (teideal taoibhe alt 23 den Acht Airgeadais, 1990).

¹⁴⁴ *carpet grips* (alt 89(1)(xxxiii)(e) den Acht Airgeadais, 1982).

‘cairpéad’, ach bheadh sé le díshéimhiú sa dá chás, pé scéal é, faoin gCaighdeán Athbheithnithe.

Faighimid samplaí den séimhiú ar an nginideach cuspóra cáilithe, fiú, in ‘clárúcháin pháirtnéireachta sibhialta’, in Acht ón mbliain 2010,¹⁴⁵ agus in ‘toghcháin choimeádaithe áirithe’, in Acht a achtaíodh os cionn tríocha bliain roimhe sin.¹⁴⁶ Agus faighimid samplaí den séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal dar críoch consan caol sa ghinideach uatha,¹⁴⁷ chomh maith, in ‘ionstraim cheapacháin mhaoir uisce’,¹⁴⁸ ‘de dhruim fiosrúcháin phraghais’,¹⁴⁹ ‘i gcás glacadáin ghaile’,¹⁵⁰ ‘de réir an mheastacháin chaiteachas’¹⁵¹ agus ‘trádáil onnmhuiriúcháin chon’.¹⁵²

Féach na samplaí seo a leanas den séimhiú ar an ainmfhocal atá faoi réir ag an nginideach uatha den ainm briathartha ‘soláthar’, mar shampla: ‘ag fáil soláthair bhainne’,¹⁵³ ‘inchothaitheacht an tsoláthair fhuinnimh’,¹⁵⁴ ‘oibreacha

¹⁴⁵ ‘clár de na clárúcháin pháirtnéireachta sibhialta go léir arna ndéanamh sa Stát’, *a register of all civil partnership registrations taking place in the State* (alt 13(1)(h) den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004, arna chur isteach le halt 9(b) den Acht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí, 2010).

¹⁴⁶ ‘Toghcháin choimeádaithe áirithe a chur ar athló’, *Elections of certain conservators postponed* (teideal taoibhe alt 2 den Acht Iascaigh (Leasú), 1976).

¹⁴⁷ Fillfear ar cheist an tséimhithe sin i gCaibidil 13 thíos.

¹⁴⁸ ‘Ionstraim cheapacháin mhaoir uisce’, *Water keeper’s instrument of appointment* (teideal taoibhe alt 295 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).

¹⁴⁹ ‘Imeachta de dhruim fiosrúcháin phraghais’, *Proceedings consequential on price investigation* (teideal taoibhe alt 25 den Acht chun Pragsanna do Rialú, 1932) – cf. ‘chun crícheanna fiosrúcháin phraghais’, *for the purposes of a price investigation* (alt 23(4) den Acht chun Pragsanna do Rialú, 1937).

¹⁵⁰ *in the case of a steam receiver* (alt 32(2)(b)(ii) den Acht Monarchan, 1955, arna ionadú le halt 17 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal, 1980).

¹⁵¹ ‘de réir an mheastacháin chaiteachas mar bheidh glactha leis amhlaidh’, *in accordance with the estimate of expenses as so adopted* (alt 10(3)(c) sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Údaráis Sláinte, 1960).

¹⁵² ‘aon chríoch a chabhródh leis an trádáil onnmhuiriúcháin chon a fhorbairt’, *any purpose conducive to the development of the export trade in greyhounds* (alt 16(1)(vii) d’Acht Tionscail na gCon, 1958).

¹⁵³ ‘agus atá ... ag fáil soláthair bhainne de thuras na huaire ón tréad’, *and who ... is for the time being receiving a supply of milk from the herd* (alt 7(1) den Acht um Ghalair Bhólachta (Tobhaigh), 1979).

¹⁵⁴ Tabhair do d’aire go bhfaighimid sampla den easpa séimhithe agus den séimhiú araon, díreach roimh agus i ndiaidh na habairte sin, faoi seach: ‘féadfar aird a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas ... (i) slándáil an tsoláthair fuinnimh ... (ii) inchothaitheacht an tsoláthair fhuinnimh ... (iii) iomaíochas an tsoláthair fhuinnimh’, *such general policy directions may have regard to the following issues ... (i) security of energy supply ... (ii) sustainability of energy supply ... (iii) competitiveness of energy supply* (alt 10A(1)(b) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna chur isteach le halt 7 den Acht Fuinnimh

soláthair gháis¹⁵⁵ agus ‘an tAcht Soláthair Shíolta agus Leasachán, 1956’.¹⁵⁶

Agus, ar ndóigh, tá an easpa cinnteachta a bhaineann lena bhféadfaí a áireamh mar ‘ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl’. An mbeadh ‘fáltas’ i gceist, mar shampla? – féach ‘fáltais chaipitil’¹⁵⁷ agus ‘luach fáltais chaipitil’¹⁵⁸ araon, san Acht Airgeadais, 1982. Cad faoi na samplaí seo a leanas den séimhiú i ndiaidh ‘caillteanais’, a bhfacamar cuid díobh i gCaibidil 7 thuas? – ‘ceadúnais chearrbhachais’,¹⁵⁹ ‘ceadúnais chorrthrádála’,¹⁶⁰ ‘ceadúnais fheithiclí trádála’,¹⁶¹ ‘ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis’,¹⁶² ‘ceadúnais mhangairí bradán’,¹⁶³ ‘ceadúnais mharsantais’,¹⁶⁴ ‘ceadúnais mhonaróirí tobac’,¹⁶⁵ ‘ceadúnais mheaisín cearrbhachais’¹⁶⁶ agus ‘ceadúnais mhótarfheithiclí trádála’;¹⁶⁷ agus, sa ghinideach uatha, ‘le haghaidh

(Forálacha Ilghnéitheacha), 2006).

¹⁵⁵ *works for the production of gas* (alt 235(2)(a)(ii) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

¹⁵⁶ *Seeds and Fertilisers Supply Act, 1956*. Féach, fiú, an séimhiú i ndiaidh an ghinidigh den ainm briathartha baininsneach ‘forbairt’ in ‘féadfaidh an duine a roghnú go ndéanfaí méid an liúntais fhorbartha mhianaigh don bhliain mheasúnachta 1974-75 i leith an chaiteachais sin a mhéadú’, *the person may elect to have the amount of mine development allowance for the year of assessment 1974-75 in respect of that expenditure increased* (alt 2(2) den Acht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974).

¹⁵⁷ ‘Fáltais chaipitil i leith scaireanna scéime’, *Capital receipts in respect of scheme shares* (teideal taoibhe alt 54 den Acht Airgeadais, 1982).

¹⁵⁸ ‘Dá mba rud é ... gur mhó méid nó luach fáltais chaipitil ná an tsuim’, *If ... the amount or value of a capital receipt would exceed the sum* (alt 54(4) den Acht dá dtagraítear san fhonóta roimhe seo thuas).

¹⁵⁹ ‘an dleacht máil a fhorchuirtear ... ar cheadúnais chearrbhachais’, *The duty of excise imposed ... on gaming licences* (alt 47(2) den Acht Airgeadais, 1989).

¹⁶⁰ ‘ceadúnais chorrthrádála a thaispeáint’, *Display of ... casual trading licences* (teideal taoibhe alt 6(1) den Acht Corr-Thrádála, 1980).

¹⁶¹ ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais fheithiclí trádála’, *Increase of excise duties on vehicle trade licences* (teideal taoibhe alt 92 den Acht Airgeadais, 1980).

¹⁶² ‘Ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis’, *Poultry hatchery licences* (teideal taoibhe alt 9 den Acht Gorlanna Éanlaithe Clóis, 1947).

¹⁶³ ‘Ceadúnais mhangairí bradán’, *Salmon dealers licences* (teideal taoibhe alt 159 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).

¹⁶⁴ ‘déanfaidh an tAire sonraí gach ceadúnais mharsantais (iompróir láithreach) a leasú dá réir sin sa chláir de cheadúnais mharsantais a choimeádtar faoi alt 6 d’Acht 1971’, *the Minister shall correspondingly amend the particulars of each merchandise (existing carrier’s) licence in the register of merchandise licences kept under section 6 of the Act of 1971* (alt 3(2)(iii) den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1978).

¹⁶⁵ ‘Dleacht ar cheadúnais mhonaróirí tobac’, *Duty an tobacco manufacturers’ licences* (teideal taoibhe alt 42 den Acht Airgeadais, 1969).

¹⁶⁶ ‘ceadúnais mheaisín cearrbhachais a dheonú’, *the grant of gaming machine licences* (alt 47(3)(a) den Acht Airgeadais, 1989).

¹⁶⁷ ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais mhótarfheithiclí trádála’, *Increase of excise*

ceadúnais chearrbhachais’,¹⁶⁸ ‘sealbhóir ceadúnais chorr-thrádála’,¹⁶⁹ ‘oibriú ceadúnais ghnótha eitlíochta’,¹⁷⁰ ‘sealbhóir ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis’,¹⁷¹ ‘sonraí gach ceadúnais mharsantais’¹⁷² agus ‘sealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais’.¹⁷³

Bheadh níos mó gníomhaíochta i gceist le ‘taispeántais bheostoic’,¹⁷⁴ dá dtagraítear in Acht ón mbliain 1977, ach cad faoi ‘cailteanais bheatha sibhialtach’,¹⁷⁵ dá dtagraítear in Acht ón mbliain 1998? Agus, ag cuimhneamh dúinn ar an tagairt a rinneamar thuas do ‘admháil chreidimh’ sa Bhunreacht, cad faoi ‘áitiúis agus cleachtas chreidimh’,¹⁷⁶ dá dtagraítear san Acht céanna sin ó 1998 ina dtagraítear do ‘cailteanais bheatha sibhialtach’?

duties on motor vehicle trade licences (teideal taoibhe alt 75 den Acht Airgeadais, 1983).

¹⁶⁸ ‘Deimhniú le haghaidh ceadúnais chearrbhachais’, *Certificate for gaming licence* (teideal taoibhe alt 15 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956).

¹⁶⁹ ‘toimhdeofar ... nár shealbhóir ceadúnais chorr-thrádála ag a raibh feidhm de thuras na huairé ... an cosantóir’, *it shall be presumed ... that ... the defendant ... was not the holder of a casual trading licence for the time being in force* (alt 3(5)(a) den Acht Corr-Thrádála, 1980).

¹⁷⁰ ‘Oibriú ceadúnais ghnótha eitlíochta’, *Operation of aviation business licence* (teideal taoibhe alt 90 den Acht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936).

¹⁷¹ *the holder of a poultry hatchery licence* (alt 9(3) den Acht Gorlanna Éanlaithe Clóis, 1947).

¹⁷² Féach an fonóta faoi ‘ceadúnais mharsantais’ thuas.

¹⁷³ ‘Ar iarratas ó shealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais’, *On the application of the holder of a gaming machine licence* (alt 43(8) den Acht Airgeadais, 1975).

¹⁷⁴ ‘a shocrú go seolfar turgnaimh agus taispeántais ghoirt agus bheostoic’, *arrange for the conduct of field and livestock experiments and demonstrations* (alt 15(e) d’Acht an Údarás Náisiúnta um Chomhairle, Oideachas agus Taighde Talmhaíochta, 1977) – féach, áfach, ‘taispeántais ar ealaín agus ar cheirdeanna le scoláirí de chuid an Choláiste a sheoladh, taispeántais ealaíne agus ceirdeanna a sheoladh agus taispeántais a sheoladh a bhainfidh le haon ábhar eile is iomchuí i ndáil le gníomhaíochtaí an Choláiste’, *holding exhibitions of art and crafts of students of the College, exhibitions of art and crafts and exhibitions devoted to any other subject matter relevant to the activities of the College* (alt 5(2)(f) den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971).

¹⁷⁵ ‘Agus oibríochtaí míleata á seoladh ar farrage nó san aer, déanfaidh gach Páirtí sa choinbhleacht ... gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh chun cailteanais bheatha sibhialtach ... a sheachaint’, *In the conduct of military operations at sea or in the air, each Party to the conflict shall ... take all reasonable precautions to avoid losses of civilian lives* (Airteagal 57(4) sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998).

¹⁷⁶ ‘Urramóidh gach Páirtí ... áitiúis agus cleachtas chreidimh an uile dhuine den sórt sin’, *Each Party shall respect the ... convictions and religious practices of all such persons* (Airteagal 75 den Phrótocal sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998) – féach gur aistriodh *religious convictions* mar ‘creideamh’ i dtuarascáil ó cheann de Thithe an Oireachtas sna 1920aí, de réir an *Oireachtas Dictionary of Official Terms*, s.v. *conviction*.

Iascaigh

Ag díriú dúinn ar deireadh ar an dara heiseamláir den dísheimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra a thugtar sa Chaighdeán Athbheithnithe – is é sin, ‘réitigh conspóide’ – féach an séimhiú i ndiaidh ‘clúdaigh’ in ‘clúdaigh pháipéir ballóide’¹⁷⁷ agus ‘clúdaigh chomhad’,¹⁷⁸ araon. D’fhéadfaí samplaí de ‘iascaigh’ agus ainmfhocail sa ghinideach faoi réir aige, ar thugamar roinnt díobh roimhe seo sa staidéar, a áireamh anseo, chomh maith – féach leithéidí ‘iascaigh bhradáin’¹⁷⁹ agus ‘iascaigh dhiúilicíní’.¹⁸⁰ Faoin gCaighdeán Oifigiúil ní dhéantar idirdhealú idir iadsan agus ‘iascaigh chora’,¹⁸¹ ‘iascaigh fhionnuisce’¹⁸² agus ‘iascaigh dhamba mhuilinn’.¹⁸³ Agus faighimid an séimhiú céanna ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘iascach’ i dteideal Acht Uimh. 8 de 2006, ‘An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlíne Muirí, 2006’,¹⁸⁴ agus in ‘orduithe oifigigh chaomhanta iascaigh mhara’¹⁸⁵ agus i dteideal na heagraíochta ‘Bord Iascaigh Mhara’,¹⁸⁶ ar a bhfillfear nuair a bheidh an séimhiú i ndiaidh an ghinidigh uatha fhirinscnigh dar críoch consan caol faoi chaibidil againn díreach i ndiaidh na chéad chaibidle eile.

¹⁷⁷ ‘seachas na clúdaigh pháipéir ballóide dá dtagraítear i Riail 8’, *other than the ballot paper envelopes referred to in Rule 8* (alt 10 sa Cheathrú Sceideal sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986).

¹⁷⁸ ‘An tOrdú d’Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 13) (Clúdaigh Chomhad), 1958’, *Imposition of Duties (No. 13) (File Covers) Order, 1958* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht d’Fhorchur Dleachtanna (Orduithe a Dhaingniú), 1959).

¹⁷⁹ ‘Iascaigh bhradáin agus fhionnuisce’, *Salmon and freshwater fisheries* (Cuid iv de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtuil, 2007) – cf. ‘Forálacha Ilghnéitheacha maidir le hIascaigh Bhradán agus le hIascaigh Fíoruiscé’, *Miscellaneous Provisions in relation to Salmon and Freshwater Fisheries* (an ceanteideal ar Chuid xi sa Tábla a ghabhann le hAcht Iascaigh an Fheabhail (Leasú), 1961).

¹⁸⁰ ‘Sroichfidh agus folóidh ailt 246 go 253 leapacha diúilicíní agus iascaigh dhiúilicíní, leapacha faochan agus iascaigh faochan’, *Sections 246 to 253 shall extend to and include mussel beds and mussel fisheries, periwinkle beds and periwinkle fisheries* (alt 281(2) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959) – i dtaca le ‘iascaigh faochan’, díritear ar cheist na heaspa séimhithe ar ‘f’ tosaigh i gCaibidil 15 thíos.

¹⁸¹ ‘Codanna d’aibhneacha nó de lochanna atá tadhlach le hiascaigh chora (fíoruiscé) áirithe a fháil’, *Acquisition of portions of rivers or lakes contiguous to certain weir (freshwater) fisheries* (teideal taoibhe alt 61 den Acht um Iascach Intíre, 2010).

¹⁸² Féach an fonóta a ghabhann le ‘iascaigh bhradáin’ thuas – ar an láimh eile, faightear tagairt do ‘iascaigh fíoruiscé’ (‘f’ tosaigh gan séimhiú) san fhonóta sin, chomh maith.

¹⁸³ ‘Forálacha maidir le hiascaigh dhamba mhuilinn’, *Provisions in relation to mill-dam fisheries* (teideal taoibhe alt 216 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).

¹⁸⁴ *the Sea-Fisheries and Maritime Jurisdiction Act, 2006*.

¹⁸⁵ ‘duine bheidh ag gníomhú fé orduithe oifigigh chaomhanta iascaigh mhara’, *a person acting under the orders of a sea fisheries protection officer* (alt 21(4) den Acht um Iascach Míolta Móra, 1937).

¹⁸⁶ Faightear tagairt don chomhlacht sin in alt 1(2) sa Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, mar shampla – cf. lch 257-8 thíos.

Cainníocht, aonaid ama, baill bheatha agus gaol clainne

I. CAINNÍOCHT

Dhíríomar i gCaibidil 7 thuas ar leagan an Chaighdeáin Athbhreithnithe den riail sa Chaighdeán Oifigiúil nach gnách séimhiú ‘ar lorg ainmfhocail a bhfuil an bhrí *cuid, easpa, iomarca* leis’. Is faoin gceannteideal ‘cainníocht éiginnte’ a thugtar riail an Chaighdeáin Athbhreithnithe. Faoi mar a chonaiceamar sa Chaibidil sin 7, de réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe is ‘ginideach cainníochta éiginnte’ atá ann ‘má tá brí cainníochta éiginnte leis an gcéad ainmfhocal’ – is iad seo a leanas na heiseamláirí den riail sin a thugtar:

*ailp feola, barraíocht plámáis, breis bainne, a chuid cabaireachta, díth céille, easpa tobac, iomarca cainte, roinnt blianta, aistir móna, taoscáin branda.*¹

Más ‘ginideach cainníochta cinnte’ atá san ainmfhocal éiginnte is ginideach aidiachtach atá ann, de réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe, agus, dá réir sin, déantar an t-ainmfhocal éiginnte sin a shéimhiú agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha nó ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol (mura ainmfhocal dar tús ‘f’, nó ‘d’, ‘t’ nó ‘s’ i ndiaidh ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’, atá ann). Tugtar an míniú seo a leanas ar an riail sa Chaighdeán Athbhreithnithe:

má tá brí cainníochta cinnte leis an gcéad ainmfhocal, glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal mar thuirisc ar an gcéad ainmfhocal:–
*cloch mhine, deoir dhrúchta, deoir bhainne, glac mhine.*²

Is é an cáiliú a dhéantar ar an riail sin, i nóta idir lúibíní a thagann díreach i ndiaidh na míre sin thuas, is cás linn sa chéad chuid seo den chaibidil seo ach

¹ *An Caighdeán Athbhreithnithe*, lch 203, alt 2(e)(i) – féach Foscríbhinn 6.

² *Ibid.*, lch 201, alt 1(c) – cf. Foscríbhinn 6 leis seo thíos. Tugtar ‘cloch mhine’, ‘deoir bhainne’ agus ‘glac thairní’, i dteannta ‘beirt fhear’ agus ‘dís bhan’, mar shamplaí den ‘Brí chainníochta’ (‘Le cainníocht nó méid chinnte a chur in iúl’), mar a mbíonn séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach, in alt 1(b) de na ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimplíú agus a shoiléiriú’ (cf. Foscríbhinn 4 leis seo thíos) – i samplaí aicmithe de riail an tséimhithe in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960) tugadh ‘cloch phrátaí’, ‘glac thairní’ agus ‘trí spleideog chéille’ mar shamplaí den séimhiú ‘ar lorg focal a léiríonn cainníocht’. Agus gabhann na ceanteidil ‘cainníocht dheimhin’ agus ‘cainníocht éideimhin’ le dhá shraith chontrártha ó thaobh an tséimhithe de a thugann Micheál Ó Murchú san alt sin leis ar tagraíodh dó roimhe seo thuas, ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’ (*op. cit.*, lch 152 agus lch 158, faoi seach). I dtaca lena ndeirtear sa Chaighdeán Athbhreithnithe faoin dara hainmfhocal a bheith ‘mar thuirisc ar an gcéad ainmfhocal’, is ar éigean go bhféadfaí a rá gur tuairisc ar ‘deoir’ atá in ‘bainne’, in ‘deoir bhainne’ thuas, mar shampla – ba dhóigh le duine go mbeadh a mhalairt níos cruinne; chomh maith leis sin, bheidís ann a ghlacfaidh leis nach ‘cainníocht chinnte’ a bhí in ‘deoir’.

go háirithe:

(ach ní shéimhítear ginideach cainníochta más aonad cainníochta fisiciúla de dhéantús an duine atá i gceist: *gloine beorach* (= gloine de bheoir), *mias cáise* ...).³

Tugtar '*gloine bheorach* (= gloine le haghaidh beorach)'⁴ roimhe sin sa Chaighdeán Athbheithnithe i measc eiseamláirí an Chaighdeáin sin den ghinideach aidiachtach. Áiríodh na heiseamláirí ceannanna céanna roimhe sin faoin gceann-teideal 'Séimhiú Idirhealaitheach' sna 'Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú' mar seo a leanas:

Tharlódh go bhféadfaí breathnú ar phéire ainmfhocal faoi dhá ghné éagsúil den riail, agus go mbeadh an séimhiú nó an loime ceart de réir na gné den riail a d'fheilfeadh: ... *gloine bheorach* (cineál gloine) / *gloine beorach* (lán le beoir)⁵

Is amhlaidh, áfach, nach dtagann idirdhealuithe sin Mholtaí an Choiste Téarmaíochta agus an Chaighdeán Athbheithnithe lena bhfaightear i scríbhinní ó údair Ghaeltachta ar Nua-Chorpas na hÉireann, mar shampla. Tá 'gloine bhíotáille' agus 'gloine bhreá bhíotáille' araon ag an gCrimhthanach, san *Oileánach*,⁶ agus is 'gloine bhainne' atá ag Mícheál Ua Ciarmaic, Baile an Sceilg.⁷ Agus, d'ainneoin 'gloine' a bheith áirithe mar ainmfhocal firinsneach i gConnachta ag L. Mac Cionnaith,⁸ féach go bhfaightear 'gloine bhrandaí' i ndán le Dara Beag Ó Fathartaigh⁹ agus 'gloine bhranda' in *An Traimp* (1991) le

³ *An Caighdeán Athbheithnithe*, lch 201, alt 1(c) – cf Foscscríbhinn 6 leis seo thíos; is tagairt do mhír eile sa Chaighdeán Athbheithnithe a thagann i ndiaidh an dara heiseamláir sin thuas, 'mias cáise', ar mír í ar a bhfillfear ar ball thíos.

⁴ *Ibid.*, lch 200; féach ar an tráchtairacht thuas i gCaibidil 8, 'Díshéimhiú aonad riaracháin agus gnó', i dtaca le 'le haghaidh' agus an tuiscint thraidisiúnta i Rannóg an Aistriúcháin nach raibh an t-ainmfhocal sa ghinideach le séimhiú má bhí 'le haghaidh' i gceist sa ghinideach, ag leanúint rialach in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* i dtaca leis an easpa séimhithe de.

⁵ Féach Foscscríbhinn 4 leis seo thíos.

⁶ Faightear na samplaí seo a leanas i Nua-Chorpas na Gaeilge (www.corpas.focloir.ie): "Cuir gloine bhíotáille chuige seo," ar seisean; "is dóigh liom nách maith leis an diabhal dubh san"; 'Bhí piunt leanna duibhe, leis, le fáil ann agus gloine bhíotáille'; 'Gloine thuistiúin bhíotáille do thugas do' agus 'Do thugadh dom mo ghloine bhreá bhíotáille gach maidean agus tráthnóna'.

⁷ 'Chonaic mé ag teacht chugam í agus gloine bhainne ina lámh, cailín den Chine Dearg' (*Iníon Chibbeac*, 1996).

⁸ Áirítear an t-ainmfhocal firinsneach 'gloine' mar leagan malartach den cheannfhocal baininsneach 'gloine' i bhFoclóir Uí Dhónaill, agus tugann L. Mac Cionnaith 'gloine glan' agus 'gloine mór' ó Chonnachta agus Ulaidh araon ina Fhoclóir Béarla-Gaeilge, murab ionann agus 'gloine ghlan' agus 'gloine mhór' ón Mumhain.

⁹ 'Ní hionann Seáinín is JR a leigheasfadh gloine bhrandaí é' (*Cloch na nGabhar*, 2003) –

Diarmaid Ó Gráinne.¹⁰ Ná níl an t-idirdhealú ag teacht lena bhfaightear i réimse na reachtaíochta, ach oiread – féach ‘3p ar ghloine bhíotáille’ agus ‘1½p ar leathghloine bhíotáille’ san Ordú um Praghanna Uasta (Deochanna Meisciúla) (Uimh. 3), 1973.¹¹

Bhí cúis mhaith le ‘beoir’ seachas ‘fíon’ a áireamh sna heiseamláirí den séimhiú idirdhealaitheach mar, de réir mholtaí an Choiste Téarmaíochta agus rialacha an Chaighdeáin Athbhreithnithe araon, ní bheadh ‘fíon’ inséimhithe ar lorg ‘gloine’ pé scéal é, mar fhocal dar tús ‘f’. Agus má cheadaímid Foclóir Uí Dhónaill feicimid go dtugann sé *wine-glass* agus *glass of wine* araon ar ‘gloine fíona’.¹² Dá mba ghá an t-idirdhealú idir *wine-glass* agus *glass of wine* a léiriú sa Ghaeilge, tá bealach a thagann le gnás na Gaeilge ann chuige sin, is é sin, ‘fíonghloine’, ar téarma é atá ar an dul céanna le ‘fíonghort’, a chur ar *wine-glass* – mar atá i bhFoclóir de Bhaldraithe¹³ – agus ‘gloine fíona’ (nó ‘gloine fhíona’, mar atá i bhFoclóir de Bhaldraithe)¹⁴ a bheith ar *glass of wine*.



Ainmfhocal faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra

Is amhlaidh, mar atá feicthe againn i gcás na rialacha díséimhithe i gcoitinne sa Chaighdeán Athbhreithnithe, go n-áirítear ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol i riail idirdhealaithe seo an Chaighdeáin Athbhreithnithe, chomh maith. Tugtar na heiseamláirí ‘umair

rugadh Dara Beag ar Inis Meáin sa bhliain 1921.

- ¹⁰ ‘Chuaigh mé go dtí an teach ósta ag am dinnéir gur ól mé gloine bhranda’ agus ‘Uisce fuar, anraith te, tae, gloine bhranda, do mhéaracha a chur siar i do scornach agus gach a raibh i do ghoile a chaitheamh aniar’; féach, chomh maith, go bhfaightear an sampla seo a leanas in *An Dealbhóir sa nGairdín* (1991) le Lorcán S. Ó Treasaigh (áirítear an t-údar Baile Átha Cliathach seo mar chainteoir dúchais Gaeilge [Connachta] sa Nua-Chorpas): ‘Caitheadh siar an t-arán, slogadh siar gloine bhláthaí’.
- ¹¹ Míreanna (c) agus (d), faoi seach, sa Nóta Míniúcháin in Ionstraim Reachtúil Uimh.136 de 1973.
- ¹² Agus, maidir leis an eiseamláir eile sin thuas, ‘mias cáise’, féach go dtugann FGB *basin of milk* agus *milk cooler* araon ar ‘mias bhainne’, s.v. ‘mias’.
- ¹³ Féach an comhfhocal ‘breosla-iomar’ in Acht ón mbliain 1960, mar shampla: ‘toimhdeofar ... go raibh an ola hidracarbóin a fuarthas amhlaidh ar coimeád sa bhreosla-iomar contrártha don mhír sin’, *the hydrocarbon oil so found shall be presumed ... to have been kept in the fuel tank in contravention of that paragraph* (alt 20(5) den Acht Airgeadais, 1960) – tugtar ‘umar’ (a bhfillfear ar an uimhir iolra de ar ball thíos) mar leagan caighdeánach de ‘iomar’ in FGB.
- ¹⁴ Foclóir de Bhaldraithe, s.v. *glass* – féach, chomh maith, s.v. *object*: *I wouldn’t object to a glass of wine*, ‘ní dhiúltóinn gloine fhíona’.

bainne’, ‘tancaeir peitрил’ agus ‘buicéid coincreíte’ le ‘gloine ceirtlise’ agus ‘mias cáise’ i mír¹⁵ eile sa Chaighdeán Athbheithnithe a thagann díreach i ndiaidh na rialach a tugadh i dtús na caibidle ina rialaítear nach séimhítear an t-ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ‘má tá brí cainníochta éiginnte leis an gcéad ainmfhocal’.¹⁶ Sa mhír eile seo, rialaítear nach bhfuil séimhiú le cur ar an ainmfhocal sa ghinideach ‘má tá brí aonaid cainníochta de dhéantús an duine leis an gcéad ainmfhocal’,¹⁷ agus cuirtear eiseamláirí na rialach i láthair mar seo a leanas:

gloine ceirtlise (= gloine de cheirtlis), *mias cáise*,¹⁸ *umair bainne*, *tancaeir peitрил*, *buicéid coincreíte*.¹⁹

Is amhlaidh, áfach, nach bhfuil na heiseamláirí firinsneacha sin thuas, ach oiread leis na cinn bhaininsneacha, ag teacht lena bhfaightear i scríbhinní ó údair Ghaeltachta ar Nua-Chorpas na hÉireann, mar shampla. Faighimid ‘na buidéil phórtair’ i saothar le Maidhc Dainín Ó Sé (Corca Dhuibhne),²⁰ agus ‘buidéil phórtair Guinness’ i saothar le Pádraig Ó Cíobháin (as Corca Dhuibhne, chomh maith).²¹ Bheadh buidéil lána agus cinn fholmha i gceist sa tagairt atá againn ó Mhaidhc Dainín do ‘buidéil bhainne’,²² ach is cinn le bainne atá i gceist in ‘ag súrac buidéil bhainne’ i saothar eile leis an gCíobhánach.²³ Agus faighimid sampla den séimhiú i ndiaidh an ghinidigh uatha de ‘buidéal’ ón gCadhnach in ‘leath an bhuidéil phórtair’ agus ‘ag ól an bhuidéil phórtair’.²⁴ Faighimid ‘buidéil fhíona’ i saothar le

¹⁵ Mír (ii) atá anseo d’alt 2(e), a thugtar i dteannta mhír (i) thuas faoin gceannnteideal ‘ginideach cainníochta éiginnte’, cé gur fo-riail den riail i mír (i) atá sa riail seo, dáiríre, seachas riail atá neamhspleách ar riail na míre tosaigh sin gur ginideach cainníochta éiginnte atá sa ghinideach ‘má tá brí cainníochta éiginnte leis an gcéad ainmfhocal’ agus nach bhfuil séimhiú le cur ar an ainmfhocal sa ghinideach dá dheasca sin (cf. an chéad fhonóta eile anseo thíos).

¹⁶ Gabhann tagairt don mhír seo leis an téacs idir lúibíní a fhaightear in alt 1(c) ar lch 201 den Chaighdeán Athbheithnithe, a tugadh níos luaithe sa chaibidil seo.

¹⁷ Ag glacadh leis gur ‘brí aonaid cainníochta éiginnte de dhéantús an duine’ seachas ‘brí aonaid cainníochta de dhéantús an duine’ atá i gceist sa dara mír den riail, bheifí ag súil leis gur fho-mhír den mhír thosaigh a bheadh ina leithéid seachas mír nua inti féin.

¹⁸ Faoi mar a chonaiceamar thuas, áirítear ‘mias cáise’ arís sa mhír eile ar an séimhiú nó an díshéimhiú idirdhealaitheach seo.

¹⁹ *An Caighdeán Athbheithnithe*, lch 203, alt 2(e)(ii) – féach Foscríbhinn 6.

²⁰ ‘Nuair a bhí an branda agus na buidéil phórtair sniogtha do suíodh chun boird agus itheadh bleaist bídh’ (*Chicago Driver*, 1992).

²¹ ‘B’in iad ba mhó a dheineadh diúgadh ar bhuidéil phórtair Guinness lá coca garraí, laethanta bánte cáiteacha m’óige’ (*An Gealas i Lár na Léithe*, 1991).

²² ‘Ba bheag trácht a bhí fós ar an sráid ach buachaill óg ag tabhairt an pháipéir go béal gach dorais agus fear an bhainne ag cleataráil le buidéil bhainne’ (*Greenborn*, 1997).

²³ ‘Ní cuimhin léi puinn dá saol roimis sin ach a saol a bheith caite aici ag súrac buidéil bhainne, ceangailte go daingean i seanphram a bhí tar éis gach éinne den gclann a thógairt’ (*Le Gealaigh*, 1991).

²⁴ ‘Leath an bhuidéil phórtair dóirte ar a gúna nuadh ag an magarlach cailliche sin’ agus ‘Fobair

Micheál Ó Conghaile (Conamara).²⁵ Agus le sampla as Tír Chonaill a thabhairt ar deireadh, faighimid ‘gogáin cháfraithe’ i saothar le Seán Bán Mac Meanman.²⁶

Ag díriú dúinn ar réimse na reachtaíochta, dealraíonn sé go mbeadh an séimhiú slán i gcónaí faoin gCaighdeán Athbhreithnithe i leithéid ‘coimeádáin bhreosla’, in Acht ón mbliain 1981, sa mhéid go ndealraíonn sé gur coimeádáin le haghaidh breosla atá i gceist.²⁷ Mar a chéile é i gcás ‘umair dhipeála iniompair’, in Acht ón mbliain 1966,²⁸ agus ‘buicéid ghuail’ in Acht ón mbliain 1982.²⁹ Dealraíonn sé, áfach, go bhféadfadh an séimhiú i leithéid ‘bloic choincréite’, in Acht ón mbliain 1985,³⁰ a bheith i mbaol, dá n-áireofaí mar aonaid chainníochta éiginnte iad.

Idirdhealú

Ar deireadh, ó thaobh an chuspóra a mhaítear a bheith ag an riail nua seo sa Chaighdeán Athbhreithnithe, is é sin, an díséimhiú a bheith ina áis idirdhealaithe, is amhlaidh nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir na bríonna go léir a d’fhéadfadh a bheith i gceist le dhá ainmfhocal mar aonad ainmfhoclach trí leas a bhaint as an díséimhiú amháin. De réir na rialacha sa Chaighdeán Athbhreithnithe dealraíonn sé gur ‘galúin bhainne’ agus ‘galúin pheitрил’ a scríobhfaí dá mba ghalúin lena raibh brí cainníochta cinnte a bhí i gceist, agus gur ‘galúin

nár phléasc mé mé fhéin ag gáiridhe agus í ag ól an bhuidéil phórtair’ (*An Braon Broghach*).

- ²⁵ ‘tá siopa beag in aice láimhe ... inar féidir buidéil fhíona a cheannach’ (*Sna Fir*).
- ²⁶ ‘Bhí bonnóga móra aráin choirce agus gogáin cháfraithe ann fosta agus tugadh fá dear go mb’fhearr leis na corrchoimhthigh a tháinig an bia tíre ná an bia farraige’, Seán Bán Mac Meanman, ‘Domhnach na bPoncán’, in *Cnuasach Céad Conlach* (eag. Séamas Ó Cnámhsí, 1989), lch 87 – mar a cuireadh in iúl cheana féin, cineál leitean atá in ‘cáfraith’, arna déanamh de mhín choirce, nó de phlúr (tugar *wooden vessel; noggin, piggin, pail* ar ‘gogán’, agus *sowens, flummery (made with husks)* ar ‘cáfraith’, i bhFoclóir Uí Dhónaill); áiríonn Micheál Ó Murchú ‘gogáin cháfraithe’ ar na samplaí agus na heiseamláirí sa chéad ghrúpa a thugann sé ina mbíonn séimhiú ar an gcáilitheoir neamhchinnte ainmfhoclach sa ghinideach, grúpa arb é an ceanteideal atá aige air ná ‘ábhar an cáilitheoir (‘de’) / ábhar sa cháilitheoir (luchtach / ‘(lán) de’)’ (*op. cit.*, lch 151) – tabhair do d’aire, i gcomhthéacs ‘mias cáise’ an Chaighdeán Athbhreithnithe, go n-áiríonn Micheál Ó Murchú ‘mias mhine’ sa ghrúpa sin, chomh maith – féach, as an gnuasach thuasluaite le Seán Bán Mac Meanman, “Tabhair domh mias mhine agus gogán bainne go tráthnóna amárach,” arsa Píonam, “agus mura dtuga ...” (*op. cit.*, lch 99).
- ²⁷ ‘fearas nó innealra téimh lárnaigh nó coimeádáin bhreosla i gceangal leis an gcéanna’, *central heating apparatus or machinery or fuel containers connected thereto* (alt 235(1) (b) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).
- ²⁸ *portable dipping tanks* (alt 35(4) den Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966).
- ²⁹ *coal scuttles* (mír (xxxii) i gCuid I den Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, arna cur isteach le halt 89(1)(c) den Acht Airgeadais, 1982).
- ³⁰ ‘bloic choincréite de chineál atá i gcomhréir leis an sonraíocht sa Dearbhú um Shonraíocht Chaighdeánach (Bloic Thógála Choincréite), 1974’, *blocks, of concrete, of a kind which comply with the specification contained in the Standard Specification (Concrete Building Blocks) Declaration, 1974* (mír (v) sa Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, a cuireadh isteach le halt 51(c) den Acht Airgeadais, 1985).

bainne’ agus ‘galúin peitрил’ a scríobhfaí, faoi seach, dá mba ghalúin lena raibh brí cainníochta éiginnte a bhí i gceist – is é sin, ‘go leor’. Ach, agus úsáid á baint as ‘galún’ sa chiall ‘buicéad’, is amhlaidh go mbeadh brí eile fós le ‘galúin bhainne’ agus ‘galúin pheitрил’ de réir an Chaighdeáin Athbheithnithe, is é sin, ‘galúin le haghaidh bainne’ agus ‘galúin le haghaidh peitрил’, faoi seach. Mar sin, dealraíonn sé nach féidir ‘galúin’ ag tagairt d’aonad cinnte cainníochta agus ‘galúin’ ag tagairt do na soithí a dhealú óna chéile trí leas a bhaint as na rialacha nua.

Ní mór cuimhneamh, chomh maith, faoi mar atá ráite roimhe seo sa staidéar seo i dtaca le rialacha díshéimhithe an Chaighdeáin Athbheithnithe, nach mbeadh an acmhainn idirdhealaithe sin thuas ach ag líon teoranta téarmaí nó abairtí, is é sin, cinn arb é a bheadh san fhocal tosaigh iontu ainmfhocal baininsneach uathu nó ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol agus arb é a bheadh sa dara hainmfhocal sa ghnideach faoi réir ag an ainmfhocal tosaigh sin focal dar tús consan inséimhithe.

Ina ghraiméar dar teideal *The New Era Grammar of Irish*, a foilsíodh sa bhliain 1934, thug an tAthair Gearóid Ó Nualláin ‘idirdhealú dinimiciúil’ ar an idirdhealú, dar leis, a bhí idir leithéid ‘ar bruach na farraige’ agus ‘ar bhruach na farraige’ (leis an dara ceann sin ag tagairt do bhruach ar leith), ‘duine gan cos’ agus ‘duine gan chos’ (arís leis an gceann deiridh sin ag tagairt do dhuine a bhí gan cos ar leith), agus ‘airm cogaidh’ agus ‘airm chogaidh’ (airm le haghaidh cogaidh ar leith).³¹ Bhí an t-idirdhealú ar chuir Cormac Ó Cadhlaigh síos air in *Gnás na Gaedhilge* sa bhliain 1940 neamhspleách ar inscne an ainmfhocail a raibh an t-ainmfhocal sa ghnideach faoi réir aige i dtaca leis an séimhiú de, chomh maith – leag sé amach an pharaidím seo a leanas:

Mála plúir. Plúr atá sa mhála.

Mála phlúr. Céad agus dachad cloch mheadhchaint de phlúr, de ghnáth. An méid plúir ar a bhfuil trácht.

Mála ghual. Chúig cheathramhain mheadhchaint de ghual.

Mála guail. Gual atá sa mhála.³²

³¹ An tAth. Gerald O’Nolan, *The New Era Grammar of Irish* (BÁC agus Corcaigh, 1934), alt 181, lch 113:

Aspiration of noun is often dynamic, i.e. employed to mark certain psychological distinctions:- (a) dán mholtha [in *An Craos Deamhan*] – a panegyric poem. (b) ar bruach na fairrge – on the sea-shore (indefinite) : ar bhruach na f. – on a (particular) shore of the sea. (c) duine gan cos – a person without legs : duine gan chos, one deprived of a particular leg. (d) airm cogaidh – war-weapons (general) : airm chogaidh, weapons for a particular war. (e) culaith shagairt, a priest’s dress (particular).

Féach *ibid.*, alt 13, lch 4, chomh maith. I dtaca leis an eiseamláir dheiridh sin thuas, féach an t-idirdhealú atá molta ag an gCoiste Téarmaíochta idir ‘culaith mairnéalaigh’ (ar le mairnéalach í) agus ‘culaith mhairnéalaigh’ (stíl chulaithe) ina gcuid ‘Moltaí’ thuasluaite (alt 3, ‘An Séimhiú Idirdhealaitheach’ – cf. Foscríbhinn 4).

³² Cormaic Ó Cadhlaigh, *Gnás na Gaedhilge* (BÁC 1940), alt 270, lch 232.

Féach, áfach, go bhfaightear *bag of flour; flour bag* agus *sack of coal; coal-sack* ar ‘mála plúir’ agus ‘mála guail’, faoi seach, i bhFoclóir Uí Dhónaill, s.v. ‘mála’.³³

II. AONAIÐ AMA

Baineann riail nua eile sa réimse seo sa Chaighdeán Athbheithnithe le ‘aonaid ama’. Tá dhá mhír sa riail.

(a) An t-ainmfhocal tosaigh ina aonad ama

De réir na chéad mhíre, ‘más aonad ama an chéad ainmfhocal agus é in úsáid mar aonad tomhais’ ní shéimhítear an t-ainmfhocal sa ghinideach atá faoi réir aige.³⁴ Trí eiseamláir den riail sin a thugtar, mar atá, ‘mí saoire’, ‘ráithe tuairiscithe’ agus, mar eiseamláir inar ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol an t-ainmfhocal tosaigh, ‘nóiméid breisama’.

Murab ionann agus na hainmfhocail bhaininsneacha tosaigh sa chéad dá eiseamláir sin, dealraíonn sé nach bhfaightear oiread is sampla amháin den fhoirm iolra ‘nóiméid’³⁵ sna hAchtanna.³⁶ Tá ‘eatraimh’ inchomórtais le ‘nóiméid’ ó thaobh na rialach seo de, áfach, agus faightear ‘eatraimh bhliana’, gona shéimhiú, in Acht ón mbliain 1977.³⁷

³³ Féach, chomh maith, an chodarsnacht idir ‘Mála na mine’, *The bag of (for) the meal*, i.e. *the meal bag*, agus ‘An mála mine’, *The bag of meal*, in *A Hand-Book of Modern Irish*, Cuid 1 (an dara leath, an 16ú heagrán, BÁC 1919), lch 201, leis an Dr Seaghán P. Mac Énrí.

³⁴ I dtaca le haonaid tomhais de, is amhlaidh go n-áirítear ‘cloch mhine’, gona shéimhiú, sna samplaí den ‘ginideach cainníochta cinnte’, a mbíonn séimhiú air agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha, ar lch 201 den Chaighdeán Athbheithnithe – mar a tugadh chun suntais sa chéad chuid den chaibidil seo, is mór idir an chinnteacht a ghabhann le ‘cloch mhine’ agus an chinnteacht, más ann, a ghabhann leis na trí shampla eile den ghinideach sin a thugtar, mar atá, ‘deoir dhrúchta’, ‘deoir bhainne’ agus ‘glac mhine’.

³⁵ Faighimid sampla amháin den ghinideach uatha ‘nóiméid’ sna hAchtanna – ‘ciallaíonn “míle farraige” fad nóiméid amháin de stua fhadlíne domhanfhaid’, “*nautical mile*” means *the length of one minute of an arc of a meridian of longitude* (alt 1 den Acht um Dhlínse Mhuirí, 1959).

³⁶ Faightear neart samplaí de *minutes* sna hAchtanna ach is ‘miontuairiscí’ a bhíonn i gceist de ghnáth; sna hIonstraimí Reachtúla, ar an láimh eile, faightear go leor samplaí de *minutes* a bhaineann le cúrsaí ama ach is amhlaidh go mbíonn figiúr nó uimhir ag gabháil le formhór na samplaí sin agus *minutes* aistrithe mar ‘nóiméad’ dá réir; dealraíonn sé nach bhfaightear aon sampla de *minutes overtime* sna hAchtanna ná sna hIonstraimí Reachtúla – is ‘breisam’ seachas ‘ragobair’ a bhíonn ar *overtime* in aistriúcháin oifigiúla de ghnáth.

³⁷ ‘gur i gceann eatramh seachas eatraimh bhliana a dhéanfar leithroinnt’, *the allocations ... shall take place at other than yearly intervals* (alt 2(c)(ii) d’Airteagal XVIII sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 1977 – cf. alt 2(c)(ii) d’Airteagal XXIV sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 1969).

I gcomórtas le ‘mí saoire’ agus ‘ráithe tuairiscithe’³⁸ an Chaighdeáin Athbheithnithe féach ‘mí chánach’ in Acht ón mbliain 1976³⁹ agus ‘mí chánach ioncaim’ in Acht ón mbliain 1974.⁴⁰ Agus faightear go leor samplaí sna hAchtanna den séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach agus é faoi réir ag ‘bliain’ – leithéidí ‘bliain chánach’,⁴¹ ‘bliain chánach ioncaim’,⁴² ‘bliain chuntasaíochta’,⁴³ ‘bliain mheasúnachta’,⁴⁴

³⁸ Dealraíonn sé nach bhfaightear aon sampla de ‘mí saoire’ (ná ‘mí shaoire’) ná de ‘ráithe tuairiscithe’ (ná ‘ráithe thuairiscithe’) sna hAchtanna ar www.achtanna.ie; i dtaca leis an dara heiseamláir sin, bheadh ‘tuairiscithe’ díchéimhithe sa Chaighdeán Athbheithnithe, pé scéal é, faoi riail díchéimhithe an ainm bhriathartha sa ghinideach; bheadh ar dhuine tamall machnaimh a chaitheamh ar leithéid ‘mí bhreithe’ sa sampla seo a leanas lena chinneadh an ‘aonad ama an chéad ainmfhocal agus é in úsáid mar aonad tomhais’, ar láimh amháin, agus an ginideach den ainm briathartha a bhí ar aon dul leis an aidiacht bhriathartha a bhí sa dara hainmfhocal: ‘Beidh an forlíonadh luathchúraim leanaí iníoctha i leith na míosa tar éis mhí bhreithe an linbh’, *Early childcare supplement shall be payable in respect of the month following the month of the birth of the child* (alt 223B(2) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna leasú le halt 18 den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009).

³⁹ ‘ionann is dá mba cháin í a dhligh an duine faoi na Rialacháin sin a tharchur don mhí chánach dheiridh ... den bhliain ... lena mbaineann an fógra’, *as if the tax were tax which the person was liable under the said Regulations to remit for the last income tax month ... of the year ... to which the notice relates* (alt 17(6B) den Acht Airgeadais, 1970, arna ionadú le halt 21 den Acht Airgeadais, 1976).

⁴⁰ ‘faoi dhliteanas ... aon mhéid cánach a sheoladh chuig an mBailitheoir do mhí chánach ioncaim’, *liable ... to remit to the Collector any amount of tax for an income tax month* (alt 72(3)(a) den Acht Airgeadais, 1974).

⁴¹ ‘ciallaíonn “bliain chánach” bliain mheasúnachta de réir bhrí na nAchtanna Cánach’, *tax year means a year of assessment within the meaning of the Tax Acts* (alt 531AL den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 3(1)(a) den Acht Airgeadais, 2011).

⁴² ‘cialluíonn an abairt “bliain chánach ioncuim” tréimhse de dhá mhí dhéag dar tosach an 6ad lá d’Abrán agus dar críoch an 5ad lá d’Abrán ina dhiaidh sin’, *the expression “income tax year” means a period of twelve months beginning on any 6th day of April and ending on the next following 5th day of April* (alt 1 den Acht Cánacha agus Diúitithe (Tosca Speisialta), 1942).

⁴³ ‘ciallaíonn “bliain chuntasaíochta” tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig’, *“accounting year” means a period of 12 months ending on 31 December* (alt 2(1) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010) – cf. ‘na cuntais go léir ... ar airgead a fuair ... an Bord ... sa bhliain chuntasaíochta, nó sa chuid de bhliain chuntasaíochta, de chuid an Bhoird sin dar críoch díreach roimh lá an aistrithe’, *all ... accounts of money received ... by the ... Board in the accounting year, or the part of an accounting year, of that Board ending immediately before the transfer day* (alt 103(1) d’Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007).

⁴⁴ ‘ciallaíonn “bliain chánach” bliain mheasúnachta’, *tax year means a year of assessment* (alt 485C(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 17(1) den Acht Airgeadais, 2006) – cf. ‘folóidh tagairt do bhliain mheasúnachta tagairt do na tréimhsí lena mbaineann’, *a reference to a year of assessment shall include a reference to the periods concerned* (alt 119(5)(a) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010), agus ‘Maidir leis an mbliain mheasúnachta 1999-2000’, *As respects the year of assessment 1999-2000* (alt 4 den Acht Airgeadais, 1999).

‘bliain mhonaraíochta’⁴⁵ agus ‘bliain mhuirir’⁴⁶ – ar téarmaí iad, a bhformhór acu, atá coitianta go maith sna hAchtanna.⁴⁷ Is amhlaidh go fiú go dtugtar ‘bliain chánach’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe féin mar shampla den ‘ginideach aidíachtach simplí’, a shéimhítear, de réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe.⁴⁸

Dealraíonn sé go dtagann an riail salach ar leithéid ‘tréimhse chuntasaíochta’, in Acht ón mbliain 2010, mar shampla,⁴⁹ ‘tréimhse chosanta’, in Acht ón mbliain 1990, mar shampla,⁵⁰ agus ‘tréimhse choigeartaithe’, in Acht ón mbliain 1957, mar shampla.⁵¹ Le téarma séimhithe eile a thabhairt as na hAchtanna, féach ‘ré chláráitheachta’ in Acht ón mbliain 1945.⁵² Agus má théimid lasmuigh de réimse na reachtaíochta féach ‘tréimhse ghoir’⁵³ i bhFoclóir Uí Dhónaill – agus ní mé

⁴⁵ ‘bliain mhonaraíochta ... agus uimhir chláráithe gach innill talmhaíochta den sórt sin’, *the year of manufacture ... and registration number of each such agricultural machine* (alt 124(7)(a)(iv) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010).

⁴⁶ ‘bliain mhuirir’, *a year of charge* (alt 807A(6) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 60(1)(c) den Acht Airgeadais, 1999).

⁴⁷ Mar shampla den easpa séimhithe i ndiaidh ‘mí’ sna hAchtanna, féach ‘ciallaíonn “mí cháilitheach seirbhíse” aon mhí ... inar oibrigh an fostaí cuid nár lú ná 120 uair a chloig ... don fhostóir’, *“qualifying month of service” means any month ... during which the employee has worked for the employer at least 120 hours* (alt 3(7)(a) den Acht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973) – cf. ‘oifigeach ... a scaoiltear sara mbíonn trí mhí seirbhíse ... críochnaithe aige’, *an officer ... who is discharged before he has completed three months’ service* (alt 1 den Acht Árachais Dífhostaíochta, 1945).

⁴⁸ Áirítear ‘bliain bhisigh’ agus ‘mí ghealaí’ in éindí le ‘bliain chánach’ sa liosta samplaí den ghinideach simplí aidíachtach, ar a ndíreofar i gCaibidil 19 den staidéar.

⁴⁹ ‘ciallaíonn “tréimhse chuntasaíochta” tréimhse ... arb é atá inti líon nach mó ná 6 cinn de thréimhsí inchánach as a chéile nó cibé tréimhse eile nach faide ná tréimhse leanúnach 12 mhí a shonróidh an tArd-Bhailitheoir’, *“accounting period” means a period ... consisting of a number of consecutive taxable periods not exceeding 6 or such other period not exceeding a continuous period of 12 months as may be specified by the Collector-General* (alt 77(1)(a) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010).

⁵⁰ ‘San alt seo ciallaíonn “tréimhse chosanta” an tréimhse, dar tosach tráth ceaptha scrúdaitheora, a bhfuil an chuideachta faoi chosaint na cúirte lena linn’, *In this section, “protection period” means the period, beginning with the appointment of an examiner, during which the company is under the protection of the court* (alt 10(3) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990) – ar ndóigh, tá foirm an ghinidigh den ainm briathartha ar aon dul leis an aidíacht bhriathartha anseo.

⁵¹ ‘Bhéarfaidh an Ciste d’aitheantas, ina chaidreamh leis na comhaltaí, gur tréimhse athrúcháin agus choigeartuithe an tréimhse tar éis an chogaidh’, *the Fund shall recognize that the post-war transitional period will be one of change and adjustment* (alt 5 d’Airteagal XIV sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957); le sampla as Acht ón tréimhse luath a thabhairt féach ‘tréimhse fheidhme na gceadúnas san’, *the period during which such licences continue in force* (alt 6(1)(b) den Acht Radio-Theagrafaíochta, 1926).

⁵² ‘Ré chláráitheachta forais phríobháidigh’, *Duration of registration of private institution* (teideal taoibhe alt 116 den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945).

⁵³ *incubation period* (FGB, s.v. ‘tréimhse’).

an dtagann riail sin an Chaighdeáin Athbhreithnithe salach ar leithéidí ‘uain cheárta’⁵⁴ agus ‘uain mhuilinn’⁵⁵ ar aon, a áirítear san fhoclóir céanna sin.⁵⁶

(b) An dara hainmfhocal ina aonad ama

De réir an dara mír i riail seo an Chaighdeáin Athbhreithnithe ‘más aonad ama an dara hainmfhocal’ ní shéimhítear é. Trí eiseamláir d’ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocail bhaininscneacha uatha a thugtar – ‘saoire míosa’, ‘tréimhse bliana’ agus ‘tréimhse seachtaine’ – agus tugtar ‘tuarastail míosa’ agus ‘tuairisceáin bliana’ mar eiseamláirí d’ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocail fhirinscneacha iolra dar críoch consan caol. Aithnítear sa Chaighdeán Athbhreithnithe féin, áfach, gurb ann do leithéidí ‘uain bhliana’ agus ‘láireog bhliana’ – gabhann an nóta seo a leanas, idir lúbíní, leis an riail: ‘ach is iondúil go séimhítear an dara hainmfhocal nuair is ginideach aidiachtach simplí atá i gceist: *láireog bhliana; uain bhliana*’. Ar ndóigh, séimhítear ‘bliain’ sa ghinideach, chomh maith, i ndiaidh an ghinidigh uatha de ‘ceann’ in ‘lá cinn bhliana’, a fhaightear in Acht ón mbliain 1958,⁵⁷ an bhliain ar foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil, agus in ‘Oíche Chinn Bhliana’.⁵⁸ Tá sampla eile den séimhiú ar an nginideach de ‘bliain’ i ndiaidh ginidigh fhirinscneigh uatha eile dar críoch consan caol, ‘gnóchain’, le fáil in Acht eile fós ón mbliain

⁵⁴ *turn to be served at the forge* (FGB, s.v. ‘uain’).

⁵⁵ *turn to be served at the mill* (*ibid.*).

⁵⁶ Cf. ‘uain mheala’, is é sin, an t-ainmfhocal tosaigh céanna agus an chiall ‘aimsir’ seachas ‘am’ leis – m.sh. ‘Anois agus an dá scór bliain slánaithe ag Comórtas Peile na Gaeltachta ... agus uain mheala geallta don ndeireadh seachtaine – ba chóir go mbeadh Comórtas Peile na Gaeltachta na bliana 2009 ar cheann des na comórtais is fearr le fada an lá’ (<http://www.gaelpport.com/nuacht?NewsItemID=2291>).

⁵⁷ ‘ciallaíonn “an lá ceaptha” an lá arb é chéad lá cinn bhliana dháta an Achta seo a rith é’, “*the appointed day*” means the day which is the first anniversary of the date of the passing of this Act (alt 1(1) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Infheistíocht ón gCoigrích a Ghríosadh), 1958) – faightear tagairtí eile do ‘lá cinn bhliana’ in Achtanna ó 1938 agus 1939, chomh maith. Ó Nua-Chorpas na hÉireann, féach, mar shampla: ‘Chaith Cáit naoi mí go leith mar mháistreás ar an scoil, ón 16 Márta go dtí lá cinn bhliana 1868’ (Breandán Ó Conaire, eag., *Tomás an Bhlascaoid*, 1992).

⁵⁸ Féach, mar shampla, ón Nua-Chorpas: ‘Táim uaigneach an Nollaig seo, ní nach ionadh nuair a smaoinim nach féidir liom a bheith in éindí libh Oíche Chinn Bhliana Bheannaithe’ (Peadar Ó Concheanainn, *Inis Meáin: Seanchas agus Scéalta*, 1993), “‘Níl scéal ná duain insa tigh seo anocht, agus nár cheart rud éigin do bheith ar siúl Oíche Chinn Bhliana’” (Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*) agus, le sampla i nGaeilge Uladh a thabhairt, “‘nuair a bhí muid a ghabháil fadó ó shin agus ba ghnáth le m’athair ... buidéal a fháil isteach fá choinne na Nollag, nó fá choinne Oíche Chinn Bhliana’” (“Tamalt Comhrá’ ar Raidió na Gaeltachta). Tabhair do d’aire gur ‘oíche chinn bliana’, *New Year’s eve*, atá i bhFoclóir Uí Dhónaill, s.v. ‘oíche’, murab ionann agus ‘Lá cinn bhliana’, *last day of year*, s.v. ‘ceann’. Gabhann an nod don Mhumhain le ‘Oidhche Chinn Bliadhna’ i bhFoclóir an Duinnínigh, s.v. ‘oidhche’, mar a bhfaightear ‘lá cinn bhliadhna’, *last day of a year, financial year*, etc., s.v. ‘lá’. Ar an láimh eile, is ‘oíche chinn bhliana’ a bhí i gCorca Dhuibhne agus i gConamara araon, de réir Fhoclóir Mhic Cionnaith, murab ionann agus ‘lá cinn bliana’ i gConamara.

sin 1958.⁵⁹ Faightear ‘íocaíocht bhliana iomláine’ san Acht céanna sin ón mbliain 1958,⁶⁰ agus faightear ‘tionóntacht mhíosa’ in Acht ón mbliain 1952.⁶¹ I mBunreacht Shaorstáit Éireann – sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht tosaigh d’Achtanna an Oireachtais – faightear ‘aois bhliana is fiche’.⁶² Agus cé gur minice foirm an ghinidigh uatha de ‘bliain’ agus de ‘mí’ a bheith díshéimhithe ar lorg ‘tréimhse’ sna hAchtanna⁶³ faightear corrshampla de ‘tréimhse bhliana’⁶⁴ agus ‘tréimhse mhíosa’⁶⁵ iontu, chomh maith.

⁵⁹ ‘Má tharlaíonn ... cáin ... i leith brabús nó gnóchain as garraíodóireacht mhargaidh a bheith inmhuirir ar mhéid ... brabús nó gnóchain bhliana nó thréimhse a tháinig ... roimh an 6ú lá d’Aibreán’, *Where ... tax ... in respect of the profits or gains of market gardening is chargeable on ... the amount of the profits or gains of a year or period falling ... before the 6th day of April* (alt 2(5) den Acht Airgeadais, 1958).

⁶⁰ ‘íocaíocht bhliana iomláine de phinsean ar feadh a shaoil’, *a full year’s payment of a pension for his life* (alt 36(3)(b) den Acht Airgeadais, 1958) – tabhair do d’aire gur ginideach lena ngabhann aidiacht atá anseo agus go mbeadh an séimhiú le baint den ghinideach sin de réir an Chaighdeáin Oifigiúil.

⁶¹ ‘más rud é ... go mbeidh sé ... ina áititheoir, faoi thionóntacht mhíosa nó tionóntacht níos lú, ar theaghas a chuir an t-údarás tithe ... ar fáil’, *if ... he is ... the occupier, on a monthly or lesser tenancy, of a dwelling provided by the housing authority* (alt 11 d’Acht na dTithe (Leasú), 1952).

⁶² ‘Gach saoránach go mbeidh aois bhliana is fiche slán aige’, *Every citizen who has reached the age of twenty-one years* (Airteagal 15 de Bhunreacht Shaorstáit Éireann sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bunreacht Shaorstáit Éireann, 1922 – cf. Airteagal 14).

⁶³ Tugann FGB ‘chaith mé tréimhse bliana ann’, *I was there for a period of a year*, s.v. ‘tréimhse’; mhól Maolmhaoadhóg Ó Ruairc, in *Ainmfhocail faoi réir a chéile* (1996, lch 9), go n-áireofaí ‘tréimhse’, i dteannta ‘comhairle’, ‘roinn’, ‘seirbhís’ agus cúpla focal eile, i mír ar leith i riall an tséimhithe mar fhocail nach mbíonn séimhiú ar a lorg.

⁶⁴ ‘tráth ar bith sa tréimhse bhliana dar chríoch an 30ú lé de Mheán Fómhair, 1956’, *at any time during the period of one year ending on the 30th day of September, 1956* (alt 393 den Acht Cánach Ioncaim, 1967 [cf. alt 402-3]); cf. ciallaíonn ‘tréimhse cháiliúcháin’ an tréimhse bhliana dar críoch an dáta a fhoilseofar san *Iris Oifigiúil* an deimhniú ... a cheanglaítear le fo-alt (1) ... a fhoilsiú amhlaidh, ‘*qualifying period*’ means the period of one year ending on the date of the publication in the *Iris Oifigiúil* of the certificate ... required by subsection (1) ... to be so published (alt 32(5) den Acht Talmhan, 1933, arna chur isteach le halt 35(1)(b) den Acht Talún, 1965); ar an láimh eile, féach ‘tráth nach déanaí ná tréimhse bliana tar éis treoirlínte pleanála réigiúnacha a dhéanamh’, *not later than a period of one year after the making of regional planning guidelines* (alt 10(1B) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna chur isteach le halt 7(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010) – cf. ‘laistigh de thréimhse bliana tar éis deireadh aon bliana measúnachta’, *within a period of one year after the end of any year of assessment* (alt 35 den Acht Cánach Ioncaim, 1967).

⁶⁵ ‘laistigh de thréimhse mhíosa ó dháta an fhógra sin’, *within a period of one month from the date of that notice* (alt 12(2) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967); ar an láimh eile féach ‘laistigh de thréimhse míosa ón dáta sin’, *within the period of one month from that date* (alt 772(3A)(ab)(ii) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 19(1)(b) den Acht Airgeadais, 2011) – cf. ‘beidh éifeacht ag an bhfógra sin ionann is dá gcuirfí ann tréimhse míosa’, *such notice shall have effect as if ... there were substituted a period of one month* (alt 116(2)(b)(iii)(II) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).



‘Go Coillte Mach rachad, go ndéanfad cuairt mhíosa ann’
 – líníocht de Raiftearaí (†1835)
 a fhaightear laistigh de chlúdach
 tosaigh Lámhscribhinn Uimh. 23 O 9
 in Acadamh Ríoga na hÉireann.

Ag díriú dúinn ar réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta, tagann an riail nua salach ar an téarma seanbhunaithe ‘cuairt mhíosa’, is é sin, an chuairt a thugann an bhean ar a muintir ar mhí a bheith caite tar éis an phósta.⁶⁶ Luann Raiftearaí ‘cuairt mhíosa’ ina mhórdhán ‘Cill Aodáin’,⁶⁷ agus tagraíonn an Direánach do ‘cuairt mhíosa’ agus ‘cuairt bhliana’ araon ina réamhrá leis an gcnuasach *Ó Mórna agus Dánta Eile*⁶⁸ – féach, chomh maith, go dtagraíonn Joe Steve Ó Neachtain do ‘obair bhliana’ in *Clochmhóin*.⁶⁹

⁶⁶ Féach Tomás Ó Máille in *An Béal Beo*: ‘Ní thugann an bhean cuairt ar a muintir go mbí mí caite tar éis an phósta. Sin í an chuairt mhíosa.’ (Arna thabhairt ó Nua-Chorpas na hÉireann, mar a bhfaightear an sampla seo a leanas, chomh maith, ó Joe Steve Ó Neachtain [an Spidéal]: ‘Ar éigean a d’aithin sé a mháistir ina chuairt mhíosa; feisteas aisteach a bhí air agus athrú ina ghlór mar bheadh an teanga bheag tar éis caolú in aer na cathrach’ [*Clochmhóin*]); tugann an Duinníneach ‘ar do chuairt mhíosa’, *on your monthly visit*, s.v. ‘cuairt’, agus áiríonn Niall Ó Dónaill ‘cuairt mhíosa’, *monthly visit; bride’s visit home after honeymoon*, s.v. ‘cuairt’, chomh maith.

⁶⁷ ‘Go Coillte Mach rachad, / go ndéanfad cuairt mhíosa ann, / I bhfoisceacht dhá mhíle de Bhéal an Átha Mhóir.’

⁶⁸ ‘I gcead do lucht mo cháinte idir fhilí agus léirmheastóirí, ní hionann cuairt mhíosa, cuairt ráithe ná cuairt bhliana féin ar cheantar áirithe Gaeltachta, agus do chluas a bheith agat le béal an chine ar feadh an achair a raibh sí amhlaidh agamsa’ (*Máirtín Ó Direáin: Na Dánta*, BÁC 2010, lch 325).

⁶⁹ ‘níor thug na mic léinn a scéin scanrúil faoi deara ... bhí scéin de chineál eile ina bhformhór ag iarraidh obair bhliana a bhrú síos i scornach coicíse’ (arna thabhairt ón Nua-Chorpas).

Agus níor mhiste an séimhiú ar ‘coicís’ sa nath ‘i gcúil choicíse’⁷⁰ a lua anseo, chomh maith.

Mar fhocal scoir ar an ríail seo, ó thaobh úsáide agus fianaise de aráon, is mór idir ‘tréimhse bliana’ agus ‘tréimhse seachtaine’ ar láimh amháin agus ‘tuarastail míosa’ agus ‘tuairisceáin bliana’ ar an láimh eile – is amhlaidh fiú gur ‘tuairisceáin bhliantúla’⁷¹ seachas ‘tuairisceáin bliana’⁷² a fhaightear in Achtanna an Oireachtais, mar a bhfaightear samplaí de ‘tuairisceáin mhíosúla’,⁷³ chomh maith.

III. BAILL BHEATHA AGUS GAOL CLAINNE

(a) Ball beatha nó páirt de rud

De réir an Chaighdeáin Oifigiúil, ‘más ball beatha de chuid duine nó ainmhí, nó más páirt de rud, atá i gceist’ ní shéimhítear an t-ainmfhocal éiginnte sa ghinideach atá faoi réir ag an ainmfhocal baininsneach sin.⁷⁴ Is iad seo a leanas na samplaí

⁷⁰ *cast aside* in FGB, s.v. ‘cúil’.

⁷¹ M.sh. ‘Tuairisceáin bhliantúla faoi Achtanna na gCuideachtaí’, *Annual returns under Companies Acts* (teideal taoibhe alt 49 den Acht Carthanas, 2009); faightear sampla de ‘tuairisceáin bliantúil’ san alt féin: ‘Déanfaidh an cláraitheoir, a luaithe is indéanta tar éis tuairisceáin bliantúil cuideachta a bhfuil fógra faighte aige ina leith ... [a fháil], cóip den tuairisceáin bliantúil sin ... a thabhairt don Údarás’, *The registrar of companies shall, as soon as practicable after receiving the annual return of a company in respect of which it has received a notification ..., give a copy of that annual return ... to the Authority* (alt 49 den Acht Carthanas, 2009) – cf., as Acht luath, ‘Tabharfaidh an tOifigeach Probháide tuairisceáin bliantúil don Bhord i dtuobh réadtiomnuithe agus tiomnachtaí carthanúla’, *Probate Officer to make annual return to Board of charitable devises and bequests* (teideal taoibhe alt 58 den Acht Carthanas, 1961).

⁷² Dealraíonn sé nach bhfuil aon sampla de ‘tuarastail míosa’ (ná ‘tuarastail mhíosa’) ná de ‘tuairisceáin bliana’ (ná ‘tuairisceáin bhliana’) sna hAchtanna ar www.achtanna.ie.

⁷³ ‘ciallaíonn “tuairisceáin”, i ndáil le banc, na tuairisceáin mhíosúla baine a chuireann an banc ar fáil do Bhanc Ceannais na hÉireann maidir le sócmhainní agus dliteanais an bhainc amháil ar an 30ú lá de Mheán Fómhair, 1982, an 20ú lá de Dheireadh Fómhair, 1982, agus an 17ú lá de Shamhain, 1982’, *“returns”, in relation to a bank, means the monthly bank return furnished to the Central Bank of Ireland by the bank in respect of the assets and liabilities of the bank as on the 30th day of September 1982, the 20th day of October, 1982, and the 17th day of November, 1982* (alt 90(1) den Acht Airgeadais, 1983 – cf. alt 91(1) den Acht Airgeadais, 1982, agus alt 16(1) den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 1981); dealraíonn sé nach bhfaightear ‘tuarastail mhíosúla’ ná ‘tuarastail míosúil’ sna hAchtanna ar www.achtanna.ie, ach oiread le ‘tuarastail mhíosa’ / ‘tuarastail míosa’.

⁷⁴ I dtaca le ‘páirt de rud’, tabhair do d’aire an séimhiú in ‘roinn bhóthair iarainn’ in Acht a achtaíodh roinnt mhaith blianta sular cuireadh an Caighdeán Oifigiúil i dtoll a chéile: ‘féadfaidh an Coimisinéir gach ceantar do roinnt ... ina dhá chuid no níos mó (dá ngairmtear ranna bóthair iarainn sna rialacha so) agus má fágfar aon ceantar gan roinnt amhlaidh tuigfear gur aon roinn bhóthair iarainn amháin ... an ceantar san’, *the Commissioner may divide ... every district into two or more parts (in these rules referred to as railway sections) and if any district is not so divided such district shall be deemed to be one railway section* (alt 9 sa Sceideal a ghabhann le hAcht na mBóthar Iarainn (Luacháil

a ghabhann leis an riail sin:

adharc bó, aghaidh mná, cos capaill, lámh cailín, súil buachalla; iall bróige, stiúir báid

Gabhann an nóta seo a leanas, idir lúibíní, leis na samplaí sin:

ach séimhiú nuair a insíonn an ginideach ábhar an ruda, e.g., *cos chrainn* (=cos adhmaid, *cos crainn*=bun crainn), *culaith bhréidín, coinneal chéireach, tine ghuail*



Bó na leathadhairce

Arís, mar a chonaiceamar roimhe seo sa staidéar seo i gcás rialacha eile sa réimse seo sa Chaighdeán Athbhreithnithe, leasaítear riail sin an Chaighdeáin Oifigiúil sa leagan di a fhaightear sa Chaighdeán Athbhreithnithe trí chúpla eiseamláir d'ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocail fhirinscneacha iolra a cheangal as deireadh na samplaí nó na heiseamláirí d'ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocail bhaininscneacha uatha. Is mar seo a leanas a ghabhann an riail nua, gona heiseamláirí:

[ní shéimhítear an t-ainmfhocal sa ghinideach] más ball beatha de chuid ainmhí nó duine, nó más páirt de rud, atá i gceist:–

adharc bó, aghaidh mná, cos capaill, lámh cailín, súil buachalla, iall bróige, tairseach bus,⁷⁵ stiúir báid, ciumhais coille,⁷⁶ cos cathaoireach,⁷⁷ crúb cait,⁷⁸ fóir poirt,⁷⁹ slis císte, cos crainn (= bun crainn), imill bóthair, duáin cailín, lánais cláir.

Is mór idir na trí eiseamláir dheiridh sin agus na samplaí aithnidiúla a ghabhann rompu as riail an Chaighdeáin Oifigiúil ach go háirithe. Is éard atá sa chéad

i gcóir Rátaíochta), 1931) – cf. ‘An tOrdú chun Dleachta d’Fhorchur go Práinneach (Uimh. 292) (Leaistic Ghealasaí), 1952’, *Emergency Imposition of Duties (No. 292) (Brace Elastic) Order, 1952* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht d’Fhorchur Dleacht (Orduithe a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1952).

⁷⁵ Faightear ‘tairseach bus’, *platform of bus*, díreach i ndiaidh ‘tairseach fuinneoige’, *window-sill*, in FGB, s.v. ‘tairseach’.

⁷⁶ Faightear ‘ciumhais na coille’, *the fringe of the wood*, in FGB, s.v. ‘ciumhais’; níor mhiste a lua anseo go dtugtar ‘gualainn cnoic’ i measc na samplaí den leagan de riail seo an Chaighdeáin Oifigiúil a fhaightear in eagrán 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (‘guala sléibhe’ a bhí in eagrán 1960 den ghraiméar sin) – faightear ‘gualainn cnoic, sléibhe’, *shoulder of hill, of mountain*, in FGB, s.v. ‘gualainn’.

⁷⁷ Tugtar ‘cos boird, cathaoireach’, *leg of table, of chair*, in FGB, s.v. ‘cos’; is ‘cos crainn’, *a wooden leg*, a thugtar i bhFoclóir an Duinnínigh (maille le ‘cos cuir’, *a cork leg*), s.v. ‘cos’, murab ionann agus a bhfuil sa Chaighdeán Oifigiúil thuas.

⁷⁸ Faightear ‘crúb cait, portáin’, *claw of cat, of crab*, agus ‘crúb capaill, bó’, *horse’s, cow’s, hoof*, in FGB, s.v. ‘crúb’.

⁷⁹ Tugtar ‘fóir poirt’, *facings of bank*, agus ‘fóir cruaiche’, ‘*clamp*’, *built-up face, of stack*, in FGB, s.v. ‘fóir’.

eiseamláir díobh ná leagan d'eiseamláir a bhí tugtha ag an gCoiste Téarmaíochta sna 'Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú'. Faoin gceannteideal 'Séimhiú/Loime i ndiaidh Ainmfhocal Iolra dar críoch Consain Chaola' faightear an moladh seo a leanas, maille le heiseamláirí:

Nuair a leanann ainmfhocal nó ainm briathartha éiginnte ainmfhocal iolra dar críoch consan caol, moltar an dara hainmfhocal a shéimhiú* ach amháin nuair atá an chéad ainmfhocal ina thréith, ina pháirt de, le haghaidh nó faoi úinéireacht an dara ceann:

ábhair múinteoirí, baill comhairle, comhaid bainisteora, imill bóithre, sliogáin páiste, tuarastail múinteoirí

*Ach amháin i gcás **d**, **t**, **s** agus **f**.⁸⁰

Má dhírímid ar 'imill' ar dtús, faightear 'imill pháirce' i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013,⁸¹ 'imill bhóithre' i gcáipéis ón Roinn Comhshaoil⁸² agus 'imill choillte' in aistriúchán le Nicholas Williams.⁸³ Bheadh 'cliatháin chnoic', a fhaightear in alt le Mícheál de Mórdha, Corca Dhuibhne, inchomórtais leis na samplaí sin.⁸⁴

⁸⁰ Áirítear 'imill féir' ar na heiseamláirí den easpa séimhithe ar 'f' tosaigh a mholtar níos faide ar aghaidh sa cháipéis sin: 'Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús f i ndiaidh ainmfhocal iolra dar críoch consain chaola: *baill foirne, crainn fuinseoige, comhaid fuaime, imill féir, turais farráige*' (cf. Foscríbhinn 4 leis an staidéar seo) – díreofar ar an easpa séimhithe ar 'f' tosaigh i gCaibidil 15 thíos; tabhair do d'aire nach n-áiríonn Mícheál Ó Murchú aon samplaí nó eiseamláirí den ghinideach atá faoi réir ag ainmfhocal iolra dar críoch consan caol sa ghrúpa samplaí nó eiseamláirí a thugann sé faoin gceannteideal 'cuid de (ainmhí/duine/rud)', grúpa a gcuirtear tús leis le 'adharc bó' (*op. cit.*, lch 162-3) – agus, i dtaca leis an eiseamláir thosaigh sin thuas i Moltaí an Choiste Téarmaíochta, 'ábhair múinteoirí', is amhlaidh go n-áiríonn Mícheál Ó Murchú an eiseamláir 'na hábhair múinteoirí / sagart' faoin gceannteideal 'comhaonad eolais (ar dhuine)' (*op. cit.*, lch 159-60), grúpa ina n-áirítear na samplaí a thugtar mar ghinideach comhaisnéise sa Chaighdeán Oifigiúil.

⁸¹ 'Bainistíú stiallacha maoláin agus imill pháirce', *Management of uncultivated buffer strips and field margins* – cf. 'Gnéithe den tírdhreach a choinneáil, lena n-áirítear ... fálda, linnte, díoga, crainn ..., imill pháirce agus léibhinn' (lch 172 den Doiciméad Oibre maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta ó Chomhairle na hEorpa (7304/13), ar <http://register.consilium.europa.eu/doc/srv?l=GA&f=ST%207304%202013%20INIT>).

⁸² 'tar éis don obair thógála a bheith críochnaithe, ba chóir fásra a chur ar ais mar a bhí ar thaobhanna agus ar imill bhóithre arna dtógáil chun éascú le hinnealra agus trucailí tógála dul thar bráid' (alt 10 de chaibidil 6 de Threoirlínte na Roinne Comhshaoil ar Fhuinneamh Gaoithe a Fhorbairt, lch 71, ar <http://www.environ.ie/ga/ForbairtagusTithocht/PleanailForbairt/PublicationsDocuments/FileDownload,15057,ga.pdf>).

⁸³ 'Bíonn sé coitianta ar thalamh curadóireachta, ar dhumhcha, ar imill choillte, etc.' (Nicholas Williams, *Mamaigh*, 1996 [ó Nua-Chorpas na hÉireann]).

⁸⁴ 'Léiríodh an damaíste is féidir le dóiteán sléibhe a dhéanamh don mbeatha fiáin an tseachtain seo caite nuair a lasadh cliatháin chnoic os cionn na Gráige agus faoi scáth Chruach Mhárthan' (alt ar *Foinse*, 7/4/2002 [ó Nua-Chorpas na hÉireann]).

I dtaca leis an dara heiseamláir den díshéimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol a thugtar i riail sin thuas an Chaighdeáin Athbhreithnithe, ‘duáin cailín’, féach, d’ainneoin go bhfuil claonadh láidir ann ‘f’ tosaigh a fhágáil gan séimhiú, go bhfaighimid sampla de ‘sciatháin fhéileacáin’⁸⁵ i saothar le Alan Titley (i gcomórtas le samplaí díshéimhithe ó údair eile)⁸⁶ i Nua-Chorpas na hÉireann. Tá brí mheafarach i gceist in ‘caora dearga an bhoid ghadhair’⁸⁷ – mar a bhfuil séimhiú ar an ainmfhocal ar lorg an ghinidigh uatha dar críoch consan caol – i saothar ficsin le Seán Ó Dúrois, Béal Feirste.

Agus má bhreathnaímid ar an tríú heiseamláir – an ceann deiridh – i riail nua sin thuas an Chaighdeáin Athbhreithnithe, ‘lánais cláir’, is amhlaidh go bhfaighimid séimhiú ar an nginideach de ‘clár’ i ndiaidh an ghinidigh uatha de ‘lánas’ in ‘teastas faoi shéala oifigiúil an Aire i dtaobh lánais chláir’,⁸⁸ in Acht ón mbliain 1946.

⁸⁵ ‘D’oir deirge a bróg do dhath a baitín bheola, agus ní raibh aon oidhre ar a spéaclaí seachas sciatháin fhéileacáin’ (Alan Titley, *Leabhar Nóra Ní Anluain*, 1998).

⁸⁶ Féach na línte filíochta seo a leanas as dhá chnuasach a foilsíodh sa bhliain 1991: ‘gur leath an t-iomlán mar sciatháin féileacáin ar a theacht ón truaill’ (Biddy Jenkinson, *Dán na hUidhre*) agus ‘Blúire den duibhe anseo is ansiúd ar nós sciatháin fhéileacáin agus iad leata amach’ (Aodh Ó Canainn, *Mise agus Platero*); d’fhéadfadh sé gurb é is cúis leis an easpa séimhithe sna samplaí suaithinseacha seo a leanas ná na hainmfhocail atá sa ghinideach a bheith cáilithe: ‘D’fhéadfaí fuaim sciatháin beiche bige a chloisint dá mbeadh sé ann – rud ná raibh’ (Pádraig Ó Buachalla [Baile Bhuirne, 1883-1959], *Eachtraí Phinocchio*), ‘Thóg sé fíorchaisleán as seanchloigne píopaí / Agus chuir sé dhá spideog dá ghardáil gan cás / Easnachaí lupáin a bhí mar rataí faoin díon air / Agus sciatháin míol caorach dhá chlúdu núb fhearr’ (Cóil Learaí Ó Finneadh, *Filíocht agus Feannadb*, 1999), agus ‘Déan dhá leath de agus cuir mionphúdar déanta de chosa dreoilíní teaspaigh agus de sciatháin creabhar capaill istigh ina lár’ (Alan Titley, *op. cit.*); de réir an Chaighdeáin Oifigiúil dhíshéimheofaí an ‘f’ tosaigh ar an gcúis chéanna sin sa sampla seo a leanas: ‘Nuair a bhí airsean leanúint ar aghaidh lena chuid oibre d’fhág sé ar sciatháin fhreastalaí óig eile í agus ina dhiaidh sin ghabh fear as an slua a leithscéal agus rinne seisean damhsa léi’ (Nóirín Uí Mhaolaó, *An Teach ar An Ard*, 2004).

⁸⁷ ‘Ag gobadh amach as leimhe dúghlas na coille, bhí caora dearga an bhoid ghadhair ag fás’ (Seán Ó Dúrois, *Rí na gCearrbhach*, 2003) – gabhann nod don luibheolaíocht roimh ‘bod ghadhair’, *cuckoo-pint*, in FGB, s.v. ‘bod’ (tugtar ‘cluas chaoin’ ar *cuckoo-pint* i bhFoclóir de Bhaldraithe); faighimid brí mheafarach eile in ainm an éin ar a dtugtar ‘bod gaoithe’ (is ‘pocaire gaoithe’ atá ar *kestrel* i bhFoclóir de Bhaldraithe) – féach an t-iolra séimhithe in ‘Bhí seilbh air, leis, ag na boid ghaoithe, na céadta díobh ag crochadh anuas sna cúinní dorchá’ (Mícheál Ua Ciarmhaic, *Iníon Chíbheac*, 1996).

⁸⁸ *A certificate under the official seal of the Minister as to the contents of a register* (alt 23(3) den Acht Taighde agus Caighdeán Tionscail, 1946); dealraíonn sé nach bhfuil ach roinnt bheag samplaí eile de ‘lánais’ sna hAchtanna; aistrítear *the contents of a register* mar ‘an t-ábhar a bheidh i gclár’, seachas trí fheidhm a bhaint as ‘lánais’, in alt 53M(3) (a) d’Acht Iascaigh an Fheabhail, 1952, arna chur isteach le halt 4(1) d’Acht Iascaigh an Fheabhail agus Chairlín, 2007, mar shampla; faighimid sampla ón mbliain 2010 de ‘lánais cumarsáidí’, áfach: ‘gurb éard atá inti lánais cumarsáidí (seachas seirbhís craolacháin) a sholáthar trí líonra cumarsáide leictreonaí’, *it consists in the provision of the contents of communications (other than a broadcasting service) through an electronic communications network* (alt 3 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar

Mar fhocal scoir anseo, cé go bhfuil sé deacair go leor samplaí a aimsiú sna hAchtanna d'ainmfhocail iolra dar críoch consan caol ar 'páirt de rud' atá iontu, féach na samplaí seo a leanas, gona séimhiú: 'maoláin bhóthair iarainn',⁸⁹ 'trasnáin bhóthair iarainn',⁹⁰ 'bloic choire',⁹¹ 'aonaid chríche',⁹² 'aonaid chuntais',⁹³ 'sloic mhianaigh',⁹⁴ 'boinn mhótarfheithiclí',⁹⁵ 'gabhálais mhótarfheithiclí'⁹⁶ agus 'bloic

Cumarsáide Leictreonaí), 2010) – féach, chomh maith, 'lánais chuí cáis sábháilteachta' in Acht eile ón mbliain chéanna sin: 'ullmhóidh an Coimisiún ... treoirlínte a bhaineann le cáis sábháilteachta a ullmhú agus le lánais chuí cáis sábháilteachta', *the Commission shall ... prepare guidelines relating to the preparation of and appropriate contents of a safety case* (alt 13L(1) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna chur isteach le halt 3(d) den Acht um Shábháilteacht Peitiriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2010); níl 'lánais' le fáil mar cheannfhocal in FGB agus dealraíonn sé nach bhfuil aon sampla de i Nua-Chorpas na hÉireann.

- ⁸⁹ 'Maoláin bhóthair iarainn', *Buffers, railway* ('earra' i gCuid A sa Tábla sa Sceideal a ghabhann le hAcht Chuan agus Phort Dhún Dealgan, 1925).
- ⁹⁰ *sleepers* (Uimh. Thag. 18 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid, 1932) – cf. 'Trasnáin Bhóthair Iarainn d'Adhmad', *Railway Sleepers – Wood* ('earra' i gCuid A sa Tábla sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Daingnithe Orduithe Shealadaigh um Piara agus Cuan (Uimh. 2), 1932).
- ⁹¹ 'bluic choire agus bluic phuill deataigh', *boiler and flue blocks* (Uimh. Thag. 6 i gCuid 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid, 1933).
- ⁹² 'ciallaíonn 'áit' tír ... nó, i ndáil le tír ina bhfuil, i gcúrsaí uchtála, dhá chóras dlí nó níos mó i bhfeidhm in aonaid chríche éagsúla, aon cheann de na haonaid chríche', *'place' means a country ... or, in relation to a country that has in matters of adoption two or more systems of law applying in different territorial units, any of the territorial units* (alt 1 den Acht Uchtála, 1991, arna chur isteach le halt 10(b) den Acht Uchtála, 1998) – cf. 'maidir le tír ag a bhfuil dhá chóras nó níos mó i dtaca le colscaradh i bhfeidhm in aonaid chríche éagsúla', *In relation to a country which has in matters of divorce two or more systems applying in different territorial units* (alt 5(2) den Acht um Shainchónaí agus Aithint Colscarthaí Coigríche, 1986).
- ⁹³ 'Méideanna in aonaid chuntais a chomhshó in airgeadra an Stáit chun críocha CMR', *Conversion of amounts in units of account into currency of State for purposes of CMR* (teideal taoibhe alt 6 den Acht um Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar, 1990) – cf. 'i gcás go gcuireann an t-úinéir áirithe teorainn lena dhliteanas ..., ní rachaidh a dhliteanas i leith aon scaoilte amach amháin thar cheithre mhilliún déag d'aonaid chuntais, nó céad tríocha is trí d'aonaid chuntais an tonna ar gach tonna de thonnaíste na loinge, cibé acu is lú', *where the owner concerned limits his liability ..., his liability for any one discharge shall not exceed fourteen million units of account, or one hundred and thirty-three units of account per ton for each ton of the ship's tonnage, whichever is the lesser* (alt 10(c) den Acht um Ola-Thruaillí na Farraige (Dlíteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988).
- ⁹⁴ 'Bainfidh fo-alt (1) le heasraisí doshiúlta i mianach faoi mar a bhaineann sé le sloic mhianaigh', *Subsection (1) shall apply to unwalkable outlets at a mine as it applies to mine shafts* (alt 34(2) den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965).
- ⁹⁵ 'Laghdú ar an dleacht ar pháirteanna agus gabhálais agus boinn mhótarfheithiclí', *Reduction of duty on motor vehicle parts and accessories and tyres* (teideal taoibhe alt 67 den Acht Airgeadais, 1982).
- ⁹⁶ 'Laghdú ar an dleacht máil ar pháirteanna agus gabhálais mhótarfheithiclí', *Reduction ... of excise duty on motor vehicle parts and accessories* (teideal taoibhe alt 75 den Acht

phoill deataigh'.⁹⁷ Ba ghá tamall machnaimh a chaitheamh ar leithéid 'ábhair bheatha'⁹⁸ sna hAchtanna ó thaobh na rialach seo de, agus níor ghá go nglacfadh gach duine leis nach mbeadh sé le cur san áireamh ó thaobh an díchéimhithe áirithe seo de.

(b) Gaol idir daoine

Tugtar leagan sin thuas an Chaighdeáin Athbhreithnithe de riail sin an Chaighdeáin Oifigiúil a bhaineann le baill bheatha nó páirt de rud faoin gceannnteideal 'seilbh dhílis', cé nach bhfeileann an cur síos sin rómhaith d'eiseamláirí sa Chaighdeán Athbhreithnithe ar nós 'ciumhais coille' agus 'imill bóthair' ach go háirithe. Agus is amhlaidh go dtugtar riail eile fós – nach bhfaightear a macasamhail sa Chaighdeán Oifigiúil – faoin gceannnteideal céanna sin, mar mhír ar leith, díreach i ndiaidh na míre sin a bhí faoi chaibidil againn thuas. De réir an dara mír sin faoin gceannnteideal sin 'seilbh dhílis', ní shéimhítear an t-ainmfhocal sa ghinideach 'más gaol idir daoine (gaol clainne nó teaghlaigh) atá i gceist'. Ní thugtar ach ceithre eiseamláir den riail nua seo, mar atá 'iníon mic',⁹⁹ 'máthair buachalla',¹⁰⁰ 'bean cócaire'¹⁰¹ agus 'mic mná'. Arís, ag díriú dúinn ar an aon eiseamláir amháin sin den ghinideach atá faoi réir ag ainmfhocal frinscneach iolra dar críoch consan caol, 'mic mná',¹⁰² cuimhnigh go bhfaightear 'mic' agus séimhiú ina dhiaidh i roinnt mhaith ainmneacha dílse – sna hAchtanna, mar shampla, faightear leithéidí 'Acht Mhic Shuibhne'¹⁰³ agus 'baintreach Thoirdealbhaigh Mhic Shuibhne',¹⁰⁴

Airgeadais, 1986) – cf. 'Laghdú ar an dleacht ar pháirteanna agus gabháilais mhótarfheithiclí' (teideal taoibhe alt 34 den Acht Airgeadais, 1985).

⁹⁷ Féach an fonóta a ghabhann le 'bloc choire' thuas.

⁹⁸ 'An tAcht um Leasacháin, Ábhair Bheatha agus Meascáin Mhianrúla, 1955,' *the Fertilisers, Feeding Stuffs and Mineral Mixtures Act, 1955*.

⁹⁹ Faightear 'iníon mic' in FGB, s.v. 'iníon', mar a dtugtar *son's daughter* agus *grand-daughter* air – tabhair do d'aire an easpa séimhithe in 'inghean carbaid', *an illegitimate daughter*, i bhFoclóir an Duinnínigh, nuair nach bhfuil 'gaol idir daoine' i gceist.

¹⁰⁰ Tugtar 'máthair clainne' agus 'máthair teaghlaigh' araon in FGB, s.v. 'máthair', mar a bhfaightear 'máthair chéile', gona séimhiú, chomh maith – ní móide go bhféadfaí idir-dhealú a dhéanamh eatarthusan ar bhonn seilbhe dílse.


¹⁰¹ Faightear 'bean mic', *daughter-in-law*, in FGB, s.v. 'bean'.

¹⁰² Tabhair do d'aire go bhfaightear an sampla seo a leanas den séimhiú i ndiaidh 'mic' in 'mic mháithreacha eile' sa Nua-Chorpas: 'Bhí ormsa trí bliana a chaitheamh i gcónra miotail ag marú mic mháithreacha eile, agus ag féachaint ar chairde liom á séideadh ina smidiríní, is mé ag fanacht nó go rithfeadh sé le duine éigin urchar a chur ionamsa' (Micheál Ó Laoghaire [Corcaigh], *Bás Barra*, 1990) – is amhlaidh nach mbeadh séimhiú ar 'máithreacha' sa chás áirithe seo de réir an Chaighdeáin Oifigiúil, tharla aidiacht a bheith ag gabháil leis an ainmfhocal.

¹⁰³ 'Acht Mhic Shuibhne (Pinsean) (Méadú), 1964', *MacSwiney (Pension) (Increase) Act, 1964*.

¹⁰⁴ 'Pinsean a dheonadh do bhaintreach Thoirdealbhaigh Mhic Shuibhne', *Grant of pension to widow of Terence MacSwiney* (teideal taoibhe alt 1 d'Acht Mhic Shuibhne (Pinsean), 1950).

‘Baile Mhic Shamhráin’,¹⁰⁵ ‘Cúirt Mhic Shéafraidh’,¹⁰⁶ ‘Coill Mhic Sheáin’,¹⁰⁷ ‘Ráth Mhic Tháil’,¹⁰⁸ ‘Tulaigh Mhic Thomáis’¹⁰⁹ agus ‘Bóthar Oscair Mhic Thréinfhir’.¹¹⁰ Tabhair do d’aire, ar an láimh eile, go bhfaightear samplaí de ‘mic tíre’ sna trí mhórchanúint¹¹¹ agus, ar ndóigh, ní ‘gaol clainne nó teaghlaigh’ ná ‘seilbh dhílis’ faoi deara an easpa séimhithe sa chás sin – ná in ‘fir sí’, ach oiread, a áirítear sa Chaighdeán Oifigiúil, in éindí le ‘bó sí’, mar shamplaí den riail nach séimhítear ‘sí’ i gcáil aidiachta dó.¹¹²



¹⁰⁵ *Ballymagauran* (Cuid 1 de Sceideal 8A a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna cur isteach le halt 77(b) den Acht Airgeadais, 1998) – cf. ‘teorainn thuaidh Bhaile Fearainn Bhaile Mhic Chnagáin’, *the northern boundary of Ballynamaggin Townland* (alt 3(4) de Chuid III den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985), agus ‘Baile Mhic Thorcaíl’, *Ballymacartle* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin (Leasú), 1983).

¹⁰⁶ *Courtmacsherry* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1998).

¹⁰⁷ *Kilmacshane* (an Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin (Leasú), 2009).

¹⁰⁸ *Rathmichael* (Cuid II den Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin (Leasú), 1961).

¹⁰⁹ *Tullingamacthomas* (alt 4 sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986).

¹¹⁰ *Oscar Traynor Road* (alt 3(1) de Chuid III den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985).

¹¹¹ Féach, mar shampla, ‘Bhíodh na mic tíre ar thóir an choinín bháin a bhí chomh glic le giorria chun casadh’ (Mícheál Ua Ciarmhaic, *Iníon Chibheac*, 1996), ‘Beidh mic tíre ag glaoch ar a chéile i do chuid áras, / beidh nathracha nimhe i do chuid pálás’ (Cathal Ó Searcaigh, *Ag Tnúth leis an tSolas*, 2000) agus ‘Dhéanadh sé fiach ar mhic tíre, ar thoirc allta, ar charrianna agus ar fhianna móra go dtí an 16ú céad ach d’imigh na mic tíre as ansin’ (Seán Ó Cadhain, *Madraí* [aistriúchán], 1997).

¹¹² Is mar abairt deiridh, idir lúibíní, sa roinn den Chaighdeán Oifigiúil a bhaineann leis an séimhiú a fhaightear an abairt ‘Ní shéimhítear sí, i gcáil aidiachta dó, e.g., *bó sí, fir sí*’, seachas i dteannta na rialacha eile ar an séimhiú ar an ainmfhocal; tabhair do d’aire gur leagan leasaithe de riail eagrán 1958 den Chaighdeán Oifigiúil atá sa riail sin (is mar seo a leanas a bhí san eagrán tosaigh sin: ‘Ní shéimhítear sí, e.g., *an bhean sí, an long sí, an mháthair sí, fir sí*’) – is é an leagan de riail an Chaighdeáin Oifigiúil a fhaightear sa Chaighdeán Athbheithnithe (i nóta bunleathanaigh, ar lch 200) ná ‘Ní shéimhítear an focal sí riamh, e.g., *bó sí, fir sí*’, riail a thagann salach ar ‘tuile shí (chainte)’, *spate of words*, agus ‘Tá an tuile shí as a béal ar fad’, *she keeps babbling away all the time*, in FGB, s.v. ‘tuile’; áirítear ‘an mháthair sí’ agus ‘long sí’ (*phantom ship*, in FGB, s.v. ‘sí’) sa mhír dheiridh sa tsraith eisceachtaí ó riail an tséimhithe in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960, lch 30).

An t-ainmfhocal ar lorg ginidigh uatha fhirinscnigh

Murab ionann agus an tslí a leagtar amach go mionsonrach córasach sa Chaighdeán Athbhreithnithe na cásanna ar leith ina bhfuil an t-ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol le díshéimhiú, mar atá feicthe againn i gcaibidlí éagsúla thuas, rialaítear sa Chaighdeán Athbhreithnithe go bhfuil an t-ainmfhocal sa ghinideach atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol sa ghinideach le díshéimhiú i gcónaí:

Ní shéimhítear ainmfhocal i ndiaidh ainmfhocal firinsneach uatha a chríochnaíonn ar chonsan caol sa ghinideach, e.g., *bord údaráis creidiúnúcháin, feidhmiú an achtacháin cánachais sin, síniú an choinbhinsiúin cóipchirt*.¹

Dealraíonn sé nach bhfaightear aon cheann de na heiseamláirí sin thuas sna leaganacha Gaeilge de na hAchtanna atá ar *www.aachtanna.ie*.² Is amhlaidh, áfach, go bhfuil an riail nua sin – murab ionann agus rialacha nua eile sa Chaighdeán Athbhreithnithe a bhaineann le díshéimhiú an ainmfhocail éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol – ag teacht lena bhfaightear i roinnt mhaith Achtanna a achtaíodh le breis is glúin anuas ach go háirithe. Tharla nach raibh an ginideach uatha firinsneach luaite go sonrach sa bhunriail sa Chaighdeán Oifigiúil,³ dealraíonn sé gur glacadh leis, de réir a chéile, i Rannóg an Aistriúcháin, nach raibh séimhiú le cur ar ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach, d’ainneoin an bunús céanna a bheith leis an gcaolú, agus leis an séimhiú dá réir, sa dá chás.

Níor baineadh an mheabhair chéanna as riail an Chaighdeáin Oifigiúil sa Ghúm, áfach, agus leanadh den séimhiú a chur ar an ainmfhocal sa ghinideach i leabhair an Ghúim agus i dtéarmaí a bhí á bhfaomhadh ag an gCoiste Téarmaíochta, a oibríonn i gcomhpháirt leis an nGúm.⁴ Ach oiread leis an gCaighdeán Oifigiúil, ní raibh an ginideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach luaite go sonrach ó thaobh riail an tséimhithe de in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960),⁵ ach san eagrán nua den ghraiméar sin a

¹ *An Caighdeán Athbhreithnithe*, lch 199.

² Arna sheiceáil ar an 9 Meán Fómhair 2015.

³ ‘Má bhíonn ainmfhocal (nach ainm dílis) sa ghinideach ag brath ar ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, is iondúil go gcuirtear séimhiú air ...’ – féach Foscibhinn 1.

⁴ Féach an réamhrá leis an staidéar seo i dtaca leis an gCoiste Téarmaíochta agus an Gúm.

⁵ Ar an láimh eile áiríodh an gairmeach uatha firinsneach sa ghraiméar sin – tugadh ‘a dhuine chroí’ mar shampla den séimhiú sa chás sin, agus ‘a Thiarna Breithimh’ mar shampla den díshéimhiú (‘go hiondúil’) nuair ba ghinideach combhaisnéise pearsanta a bhí i geist (*Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, alt 56(c), lch 30) – féach Foscibhinn 2.

d'fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1999 cuireadh clásal eile le bunriail an tséimhithe sa ghraiméar sin chun an t-ainmfhocal a bhí faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol sa ghinideach a chur san áireamh:

Séimhítear tuiséal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile nuair is ainmfhocal iolra dar críoch consan caol an chéad ainmfhocal ..., nó nuair a chaolaítear san uatha consan deiridh an chéad ainmfhocail trí infhilleadh: *toirtín aráin choirce; sárú gealltanais phósta*.⁶

Más téarma traidisiúnta atá sa chéad sampla sin, 'toirtín aráin choirce',⁷ faightear an sampla eile sin, 'sárú gealltanais phósta', in Acht na gCúirteanna, 1981.⁸ Is amhlaidh, áfach, sa mhéid go bhfaightear 'sárú gealltanais pósta' (i.e., gan séimhiú)

⁶ *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, BÁC 1999, alt 4.14, lch 24 – féach Foscríbhinn 3. Dealraíonn sé nach ndírítear go sonrach ar cheist seo an tséimhithe ar lorg an ghinidigh uatha fhirinsneach dar críoch consan caol sna 'Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú' (féach Foscríbhinn 4), ach baineann moltaí sa cháipéis sin maidir le 'cur i bhfeidhm an ghinidigh i gcás aonad trí cinn (nó níos mó) d'ainmfhocail (éiginnte) a thagann díreach i ndiaidh a chéile' le hábhar:

'Dála athrú bunúsach ar bith eile, tharlódh go dtiocfadh ábhar mearbhaill áirithe chun cinn agus na moltaí seo á gcur i bhfeidhm i dtosach. An ceann is dóchúla a chruthóidh deacrachtaí, dar linn, ná an moladh nach ndéanfaí infhilleadh ar bith ar an gcéad ainmfhocal d'aonad dhá cheann (nó níos mó) d'ainmfhocail agus iad faoi réir ag ainmfhocal eile, ar aon mhúnla le "teach ceann tuí" agus "bata fear siúil". Cé go n-oibríonn an moladh nua go réidh san uimhir uatha, beidh cuid de na haonaid seo san uimhir iolra ó am go chéile, agus beidh a chuma orthu ar dtús gur ginideach uatha de réir na seanrialacha atá ann, m.sh.

riarthóir bunachar sonraí: *administrator of a database*

riarthóir bunachair shonraí: *administrator of databases.*

(<http://www.acmhainn.ie/caighdean.htm>)

Dar le Micheál Ó Murchú in 'Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach' (lch 148) gur léir le dhá ghlúin anuas gurb í treocht na teanga ó lár na haoise seo caite gan an dara ginideach a bheith i lár frása den chineál 'guth cearc goir' agus 'macalla tafann madaidh' (Seán Bán Mac Meanman, *Cnuasach Céad Conlach*, lch 140, agus *An Tríú Mám*, lch 158, faoi seach). Tabhair do d'aire, áfach, go dtugann Micheál Ó Murchú leithéidí 'súile guail an fhir shneachta', 'baill an chumainn chrábhaidh' agus 'bata an fhir shiúil' mar eiseamláirí (i.e., gan foinse a bheith luaithe leo) den séimhiú ar lorg an ghinidigh uatha fhirinsneach dar críoch consan caol, maille le 'fear an orgáin béil' agus 'sábháil (sin) an chúil báire' (ó Raidió na Gaeltachta, Ulaidh, 2000, agus an Mhumhain, 2002, faoi seach) mar shamplaí den díséimhiú, mar aon le heiseamláirí den díséimhiú sin, i ranna éagsúla den alt sin thuasluaite leis.

⁷ Féach, mar shampla, 'Chuir an chailleach gogán bainne gabhair agus toirtín aráin choirce ina lámh, agus d'iarr air a shuipéar a dhéanamh' ('Caoilte Mac Crannchair', á aithris ag Donnchadh Chassie Ó Baoill ['Seanchas Rann na Feirste' ar <http://www.rannnafeirste.com/caoilte-mac-crannchair>]); tabhair do d'aire go raibh lámh ag an gConallach Niall Ó Dónaill in eagrán 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*.

⁸ 'In aon chaignean maidir le tort nó le sárú gealltanais phósta a tosaíodh agus a éisteadh san Ard-Chúirt', *In any action of tort or of breach of promise of marriage commenced and heard in the High Court* (alt 17(1) d'Acht na gCúirteanna, 1981).

san Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1981,⁹ go dtugann an téarma sin léargas maith dúinn ar chás na nAchtanna i dtaca leis an séimhiú ar an ainmfhocail sa ghinideach ar lorg an ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach – is ‘sárú gealltanais pósta’ atá ar *breach of promise of marriage* sa bhailiúchán téarmaí dar teideal *Téarmaí Dlí*, a foilsíodh sa bhliain 1959, chomh maith.¹⁰

Achtanna an Oireachtais

Tugann teidil roinnt Achtanna léargas comair dúinn ar ghné seo an tséimhithe agus an díséimhithe i gcaitheamh na mblianta fad a bhaineann le haistriú na reachtaíochta de. Feicimid nach séimhítear ‘ceannais’ in ‘Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011’¹¹ ná in ‘an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010’.¹² I gcomórtas le ‘Acht an Bhainc Ceannais, 1989’ agus ‘Acht an Bhainc Ceannais, 1971’, áfach, faightear ‘Acht an Bhainc Cheannais, 1942’. Féach an séimhiú ar ‘ceannaíochta’ in ‘an tAcht Loingis Cheannaíochta, 2010’,¹³ mar atá in ‘an tAcht Loingis Cheannaíochta, 1981’ – is amhlaidh go bhfaightear séimhiú ar ‘ceannaíochta’ ar lorg an ghinidigh uatha ‘loingis’ i dteideal Achtanna ó 1932 i leith.¹⁴ Ní shéimhítear ‘madraí’ in ‘an tAcht um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2009’¹⁵ ach, ar an láimh eile, faoi thionchar Achtanna Iascaigh Mhara ag dul siar chomh fada le 1931¹⁶ agus theideal an

⁹ ‘Acht do chur Deireadh le Caingne maidir le Caidreamh Collaí, Mealladh agus Tearmannú Céile agus Sárú Gealltanais Pósta’, *An Act to Abolish Actions for Criminal Conversation, Enticement and Harboursing of a Spouse and Breach of Promise of Marriage* (teideal fada an Achta um an Dlí Teaghlaigh, 1981) – cf. ‘cúis chaingne mar gheall ar shárú gealltanais pósta’, *a cause of action for breach of promise to marry* (alt 6(a) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961).

¹⁰ Tabhair do d’aire gur ‘sárú geallúna pósta’ atá ar *breach of promise of marriage* san Ordú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 5), 1950 (Ionstraim Reachtuil Uimh. 2 de 1950) agus, dá réir sin, faoi fho-alt (1) d’alt 3 den Acht Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge, 1945, gurb é sin is iontamhail sa Ghaeilge do *breach of promise of marriage* – is amhlaidh go ndearnadh roinnt leasuithe ar na téarmaí sna deich nOrdú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge nuair a cuireadh i dtoll a chéile iad sa bhailiúchán sin, *Téarmaí Dlí*, a foilsíodh sa bhliain 1959.

¹¹ *Central Bank and Credit Institutions (Resolution) Act 2011*.

¹² *Central Bank Reform Act 2010*.

¹³ *Merchant Shipping Act 2010*.

¹⁴ Féach ‘an tAcht Loingis Cheannaíochta (Orduithe Stiúrach), 1932’, *Merchant Shipping (Helm Orders) Act, 1932*, mar shampla, agus ‘an tAcht Loingis Cheannaíochta (Dliteanas Úinéirí Long agus Daoine Eile), 1996’, *Merchant Shipping (Liability of Shipowners and Others) Act, 1996*; féach, mar shampla ó chorp Achta, ‘aon cheart thar thalamh nó uisce ... a úsáidtear i ndáil le hoibriú loingis thráchtála’, *any right over ... land or water ... used in connection with the operation of commercial shipping* (alt 3(7) den Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968).

¹⁵ *Dog Breeding Establishments Act 2010* – tabhair do d’aire go bhfuil ‘Pórúcháin’ díséimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra sa teideal sin, chomh maith.

¹⁶ *Sea Fisheries Act, 1931* (Acht Uimh. 4 de 1931) – tabhair do d’aire nach dtugtar aon



chomhlachta ‘Bord Iascaigh Mhara’,¹⁷ séimhítear ‘mara’ in ‘an tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006’.¹⁸ Féach, chomh maith, an séimhiú ar ‘tionscail’ in ‘an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990’,¹⁹ ag leanúint ‘an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969’ agus ‘an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946’ araon. Agus faightear a mhacasamhail de séimhiú i dteidil Achtanna eile ó na blianta sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil – féach an séimhiú ar ‘síolta’ in ‘an tAcht Soláthair Shíolta agus Leasachán, 1956’,²⁰ mar shampla, agus ar ‘tráchtála’ in ‘an tAcht Loingis Thráchtála, 1955’,²¹ ar ‘ceardais’ in ‘an tAcht Alcóil Cheardais (Leasú), 1947’²² (lena leasaítear ‘an tAcht Alcóil Cheardais, 1938’), ar ‘feidhmiúcháin’ in ‘an tAcht Údaráis Fheidhmiúcháin (Caidreamh Coigríche), 1936’,²³ ar ‘capall’ in ‘an tAcht Síolrúcháin Chapall, 1934’²⁴ agus ar ‘gairme’ in ‘an tAcht Oideachais Ghairme Beatha, 1930’.²⁵ Agus cé gurb é ‘an tAcht Oifigigh Cúirte, 1926’²⁶ atá ar Acht Uimh. 27 de 1926 féach go bhfaightear ‘de réir bhrí Chuid I den Acht Oifigigh Chúirte 1926’ in Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2009.²⁷

Léiríonn samplaí fánacha den séimhiú i gcorp Achtanna a foilsíodh go fóu le glúin anuas, áfach, nach rabhtas go hiomlán cinnte faoin díséimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol agus, ar ndóigh, cé nach raibh sé curtha in iúl sa Chaighdeán Oifigiúil go raibh an consan le séimhiú

fhoirm iolra de ‘iascach’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, mar shampla.

¹⁷ Bunaíodh ‘An Bord Iascaigh Mhara’ faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952 – féach alt 14(1) den Acht sin: ‘Beidh comhlucht ann ar a dtabharfar An Bord Iascaigh Mhara ... chun na feidhmeanna a chomhlíonadh a bheirtear dóibh leis an Acht seo’, *There shall be a body to be known as An Board Iascaigh Mhara ... to perform the functions given to them by this Act*; cf. lch 233 thuas.

¹⁸ *Sea-Fisheries and Maritime Jurisdiction Act, 2006*.

¹⁹ *Industrial Relations Act, 1990*.

²⁰ *Seeds and Fertilisers Supply Act, 1956*.

²¹ *Mercantile Marine Act, 1955*.

²² *Industrial Alcohol (Amendment) Act, 1947*.

²³ *Executive Authority (External Relations) Act, 1936*.

²⁴ *Horse Breeding Act, 1934*.

²⁵ *Vocational Education Act, 1930*.

²⁶ *the Court Officers Act, 1926*.

²⁷ In alt 22(1)(b) den Acht sin.

sa chás sin ní raibh sé curtha in iúl ann, ach oiread, go raibh sé le díshéimhiú. Faightear ‘chun críocha liúntais míchumais’²⁸ agus ‘rátaí laghdaithe sochair cumais pháirtigh’²⁹ araon in Acht ón mbliain 2010, i gcomórtas le ‘de bhithin éagumais mheabhrach nó choirp’ in Acht ón mbliain 2006.³⁰ In ‘cuan údaráis chuain’,³¹ a fhaightear in Acht ón mbliain 2009 lena leasaítear Acht ón mbliain 1933, is amhlaidh go gcoinnítear an séimhiú ar lorg an ghinidigh a fhaightear in Acht ón mbliain 1946.³² Tagraítear do ‘Scrúdú an Cheardteastais Ghaeilge’ san Acht Oideachais, 1998,³³ agus faighimid ‘i gcás breithiúnais chothabhála’ in Acht eile ón mbliain sin,³⁴ agus ‘i dtuairim an údaráis cheannais’ in Acht ón mbliain 1997.³⁵ Faighimid an séimhiú ar lorg an ghinidigh sa teideal ‘Cuideachta Árachais Bheatha na hÉireann cpt’ in Acht amháin ón mbliain 1990³⁶ agus sa teideal taoibhe ‘Oifigigh chaidrimh thionscail’ in Acht eile ón mbliain sin,³⁷ agus coinnítear

²⁸ *for the purposes of disability allowance* (Riail 2(1) i gCuid 2 de Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna cur isteach le halt 25(2) den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010).

²⁹ *reduced ... rates ... of partial capacity benefit* (alt 46A(6) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna chur isteach le halt 12(1) den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010) – is le ‘sochar’ a ghabhann an aidiacht ‘páirteach’ anseo, ar ndóigh, seachas leis an nginideach de ‘cumas’.

³⁰ ‘an toimhde nach de bhithin éagumais mheabhrach nó choirp atá ceart ag an bpearsa aonair na sochair a fháil faoin socrú pinsin iomchuí’, *the assumption that the individual’s right to receive the benefits under the relevant pension arrangement had not been occasioned by incapacity of mind or body* (alt 1(3)(b) i Sceideal 23B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 14(2) den Acht Airgeadais, 2006).

³¹ *the harbour of a harbour authority* (alt 1 den Acht Imeall Trágha, 1933, arna chur isteach le halt 5(b) den Acht um Imeall Trá agus um Dhumpáil ar Farraige (Leasú), 2009).

³² Féach alt 2(1) den Acht Cuanta, 1946: ‘ciallaíonn an focal “cuan” cuan údaráis chuain’, *the word “harbour” means the harbour of a harbour authority*.

³³ ‘Ceardteastas Gaeilge Examination’ (Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht).

³⁴ ‘i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, an *High Court of Justice* nó, i gcás breithiúnais chothabhála, an *Magistrates’ Court*, in *England and Wales, to the High Court of Justice, or in the case of a maintenance judgment to the Magistrates’ Court* (Airteagal 32(a) den Choinbhinsiún sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998).

³⁵ Alt 28(1)(b) d’Acht na nOllscoileanna, 1997.

³⁶ ‘ciallaíonn “an Chuideachta Bhunaidh” Cuideachta Árachais Bheatha na hÉireann cpt’, *“the Original Company” means Irish Life Assurance plc* (alt 1 den Acht Árachais, 1990) – cf. ‘sara mbainfí aisti aon fhaoiseamh in aghaidh prémiumacha árachais bheatha’, *before deduction of any relief in respect of life assurance premiums* (alt 2(1) den Acht Airgid, 1927) – tabhair do d’aire gur ‘árachas saoil’ seachas ‘árachas beatha’ a fhaightear in ‘Árachas Saoil na hÉireann cuideachta phoiblí theoranta’, *Irish Life Assurance public limited company* (an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chorpáraid Forbartha Náisiúnta, 1986).

³⁷ ‘Oifigigh chaidrimh thionscail’, *Industrial relations officers* (teideal taoibhe alt 33 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990) – cf. teideal taoibhe alt 6 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969.

an séimhiú a fhaightear in Acht ón mbliain 1980 i leasú a dhéantar ar an Acht sin in Acht ón mbliain 1990 i gcás ‘luach stoic thrádála’.³⁸

Dealraíonn sé gur líonmhaire iad na samplaí den séimhiú atá ar fáil in Achtanna ó na hochtóidí agus ó na blianta roimhe sin.³⁹ In Acht ón mbliain 1989 faightear ‘de chuid cumainn fhoirgníochta’.⁴⁰ Faightear séimhiú ar an nginideach de ‘comhlachas’- sa teideal taoibhe ‘Foirm an mheabhráin chomhlachais’ in Acht ón mbliain 1988,⁴¹ d’ainneoin go bhfaightear ‘Foirm an mheabhráin chomhlachais’ in Acht ón mbliain 1986.⁴² In Acht eile ón mbliain 1988 faightear ‘i leith costais bhunaidh an Choimisiúin’⁴³ agus in Acht eile fós ón mbliain sin faightear ‘i gcás sochair mhíchumais’,⁴⁴ murab ionann agus an díshéimhiú in ‘rátaí laghdaithe sochair cumais pháirtigh’ a tugadh thuas as Acht ón mbliain 2010. In Achtanna

³⁸ ‘luach stoic thrádála’, *the value of trading stock* (alt 28(3)(b) den Acht Airgeadais, 1980, arna leasú le halt 9(c) den Acht Airgeadais, 1990).

³⁹ Tabhair do d’aire, áfach, go bhfuil go leor Achtanna ó na 1990aí nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil díobh, nó nach bhfuil leagan Gaeilge díobh ar fáil ar www.achtanna.ie ar aon nós.

⁴⁰ ‘ar aon dul le gnó de chuid sealbhóra den sórt sin nó de chuid cumainn fhoirgníochta atá corpraithe go cúí sa Stát’, *similar to the business of such a holder or a building society duly incorporated in the State* (alt 73(1)(a) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1989).

⁴¹ *Form of memorandum of association* (teideal taoibhe alt 11 den Acht Foraoiseachta, 1988) – cf. ‘Foirm an mheabhráin chomhlachais’, *Form of memorandum of association* (teideal taoibhe alt 11 den Acht Seirbhísi Poist agus Teileachumarsáide, 1983); faightear ‘ar scór an mheabhráin chomhlachais’, *on foot of the memorandum ... of association*, in alt 2(3)(b) den Acht um Rialú Gáis, 1982 (féach alt 2(8), chomh maith: ‘glacadh meabhráin chomhlachais’, *[t]he adoption of a memorandum ... of association*); faightear ‘de bhun an mheabhráin chomhlachais seo’, *in pursuance of this memorandum of association*, in ‘Foirm Mheabhrán agus Airteagail Chomhlachais Chuideachta faoi theorainn rátháíochta’, *Form of Memorandum and Articles of Association of a Company limited by guarantee*, i gCuid I de Thábla D sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí, 1963, mar shampla.

⁴² Teideal taoibhe alt 9 den Acht um Chorparáid Forbartha Náisiúnta, 1986 – cf. ‘Is ar iontaobhas don Aire Airgeadais a shealbhóidh sínitheoirí an mheabhráin chomhlachais na scaireanna dá dtagraítear i bhfo-alt (5)’, *The shares referred to in subsection (5) shall be held by the subscribers to the memorandum of association in trust for the Minister for Finance* (alt 8(7) den Acht).

⁴³ ‘Féadfaidh an tAire ... cibé méid is dóigh leis a bheith réasúnach a íoc leis an gCoimisiún i leith costais bhunaidh an Choimisiúin’, *The Minister ... may ... pay to the Commission such amount as he considers reasonable in respect of its initial expenses* (alt 20(1) den Acht Raidió agus Teilifíse, 1988) – cf. ‘agus méid an chostais bhunaidh a ghairtear de mhéid aon soláthair a cheanglófaí leis an mír sin i gcás na sócmhainne sin de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh’, *and the amount of any provision which would be required by that paragraph in the case of that asset according to the historical cost accounting rules is referred to as the historical cost amount* (alt 20(2) i gCuid III den Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí (Leasú), 1986).

⁴⁴ ‘a bhaineann le ré na híocaíochta i gcás sochair mhíchumais’, *which relates to duration of payment of disability benefit* (alt 23(1) den Acht Leasa Shóisialaigh, 1988).

éagsúla ón mbliain 1987 faighimid ‘i dteideal liúntais mháithreachais’⁴⁵ agus ‘faoi chomhair caiteachais chaipitil’.⁴⁶ Faighimid ‘scéim pinsin ghairme’⁴⁷ in Acht amháin ón mbliain 1984, agus faighimid dhá ghinideach shéimhithe i ndiaidh a chéile in ‘d’iomlán airgid cheannaigh gach gabhátais cheantar cúng’ in Acht eile ón mbliain sin,⁴⁸ agus in ‘rátaí laghdaithe sochair dhíobhála agus pinsin mhíthreorach’⁴⁹ agus ‘díol beostoic fholaíochta fheirme’⁵⁰ in Achtanna ón mbliain 1983. Faighimid ‘gnó fóntais gháis’,⁵¹ ‘margú an chineáil bhreosla’⁵² agus ‘i dtéarmaí an Aonaid Chuntais’⁵³ in Achtanna ón mbliain 1982. San Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981, faighimid ‘ráta an liúntais bhanchéile thréigthe’⁵⁴ agus ‘ráta an liúntais chúnaimh shóisialaigh’,⁵⁵ ‘méid aon liúntais

⁴⁵ ‘ní chuirfidh an Chúirt Chuarda ... san áireamh go bhfuil máthair an linbh i dteideal liúntais mháithreachais’, *the Circuit Court ... shall not take into consideration the fact that the mother of the child is entitled to maternity allowance* (alt 28(2) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981, arna ionadú le halt 21(3) den Acht um Stádas Leanaí, 1987).

⁴⁶ ‘Deontais faoi chomhair caiteachais chaipitil a thabhófar ag soláthar long’, *Grants towards capital expenditure incurred in providing ships* (teideal taoibhe alt 2 den Acht um Dheontais Infheistíochta Loingis, 1987 – cf., m.sh., alt 4(2) den Chomhaontú sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Iompair (Forálacha Ilghnéitheacha), 1971).

⁴⁷ ‘Ranníocaí neamhíochta a íoc isteach sa scéim pinsin ghairme’, *Payment of unpaid contributions to occupational pension scheme* (teideal taoibhe alt 7 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 – cf. alt 3(1) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977).

⁴⁸ *to the whole of the purchase money of every congested districts holding* (alt 12 den Acht Talún, 1984).

⁴⁹ ‘Rátaí Laghdaithe Sochair Dhíobhála agus Pinsin Mhíthreorach’, *Reduced Rates of Injury Benefit and Disablement Pension* (Ceannteideal Chuid v den Dara Sceideal i Sceideal A a ghabhann leis an Acht Leasa Shóisialaigh, 1983).

⁵⁰ ‘seirbhísí a sholáthraítear i gcúrsa póru, clárú agus díol beostoic fholaíochta fheirme a chur chun cinn’, *services provided in the course of promoting the breeding, registration and sale of pedigree breeds of farm livestock* (alt 34 den Acht Airgeadais, 1983).

⁵¹ ‘gnó fóntais gháis a sheoladh laistigh den limistéar sin’, *the carrying on of the business of a gas utility within such area* (alt 2(2)(a)(ii) den Acht um Rialú Gáis, 1982).

⁵² ‘margú an chineáil bhreosla ... lena mbaineann an príomh-ordú’, *the ... marketing of the type ... of fuel to which the principal order relates* (alt 2(4) den Acht um Breoslaí (Soláthairtí a Rialú), 1971, arna ionadú le halt 6(1) den Acht um Breoslaí (Soláthairtí a Rialú), 1982).

⁵³ ‘Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an modh luachála i leith Airgeadraí Inúsáidte a chinneadh, i dtéarmaí an Aonaid Chuntais, de réir chleachtas airgeadaíochta idirnáisiúnta na huaire’, *The Executive Board shall determine the method of valuation of Usable Currencies, in terms of the Unit of Account, in accordance with prevailing international monetary practice* (alt 3 d’Airteagal 8 den Chomhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um an gComhchiste Idirnáisiúnta do Thráchtarraí, 1982).

⁵⁴ ‘de réir an ráta chéanna le ráta an liúntais bhanchéile thréigthe ab iníochta léi’, *at the same rate as that of the deserted wife’s allowance payable to her* (alt 177(2) den Acht).

⁵⁵ ‘Beidh ráta an liúntais chúnaimh shóisialaigh comhionann le ráta an phinsin bhaintrí’, *The rate of a social assistance allowance shall be the same as the rate of the widow’s ... pension*

chleithiúnaí⁵⁶ agus ‘méid deontais bháis’,⁵⁷ ‘cinneadh oifigigh bhord sláinte’,⁵⁸ ‘cailleadh cumais choirp’⁵⁹ agus ‘i dteideal sochair mhíthreorach’.⁶⁰ Agus in Achtanna eile ón mbliain sin 1981 faighimid ‘i bhfeighil lárionaid shíciatraigh cheantair’⁶¹ agus ‘comhordanáid an limistéir dhumpála’.⁶² Mar shampla scoir ó na hochtóidí, faighimid ‘sealbhóir ceadúnais chorr-thrádála’ in Acht ón mbliain 1980.⁶³

[Uimh. 1.] *An tAcht Leasa Shóisialaigh* [1981.]
(Comhdhlúthú), 1981.

tá le “forlíonadh do-fhostaitheachta” an bhrí a shonraítear in alt 45 (3).

(2) Déanfar na tagairtí sa Chaibidil seo do chailleadh cumais choirp a fhorléiriú mar thagairtí a fholáionn tagairtí do mháchailiú, cibé acu a ghabhann nó nach ghabhann aon chailleadh cumais iarbhír leis.

(alt 197(2) den Acht).

- ⁵⁶ ‘méid aon liúntais, liúntais chleithiúnaí (nach liúntas cleithiúnaí lena mbaineann mír (viii))’, *an amount of an allowance, dependant’s allowance (not being a dependant’s allowance to which paragraph (viii) relates)* (alt 146(1)(b)(vii) den Acht).
- ⁵⁷ ‘is mar atá leagtha amach i gcolún (2) ... a bheidh méid deontais bháis’, *the amount of a death grant shall be as set out in column (2)* (alt 109 den Acht).
- ⁵⁸ ‘I gcás ina mbeidh duine míshásta le cinneadh oifigigh bhord sláinte ar éileamh uaidh ar liúntas leasa forlíontach’, *Where a person is dissatisfied with the determination by an officer of a health board of a claim by him for supplementary welfare allowance* (alt 205(1) den Acht).
- ⁵⁹ ‘Déanfar na tagairtí sa Chaibidil seo do chailleadh cumais choirp a fhorléiriú mar thagairtí a fholáionn tagairtí do mháchailiú’, *References in this Chapter to loss of physical faculty shall be construed as including references to disfigurement* (alt 36(2) den Acht) – cf. ‘má bhaineann cailleadh cumais choirp nó mheabhrach dó de dheasca na tionóisce’, *if he suffers as a result of the accident from loss of physical or mental faculty* (alt 43(1) den Acht), agus ‘de dheasca aon éagumais mheabhrach nó éagumais eile’, *by reason of any mental or other incapacity* (alt 170(3) – cf. alt 202(3)); féach, ar an lámh eile, an dshéimhiú in ‘cineál agus méid an tinnis coirp nó an mhíchumais coirp atá ar an iarratasóir sin’, *the nature and extent of the physical illness or physical disability suffered by such applicant* (alt 4(a) den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986).
- ⁶⁰ ‘... beidh sé i dteideal sochair mhíthreorach’, *[an insured person] ... shall be entitled to disablement benefit* (alt 43(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).
- ⁶¹ *in charge of a district ... psychiatric centre* (alt 33(2) den Acht Sláinte (Seirbhísí Meabhairghalar), 1981).
- ⁶² *co-ordinates of the dumping area* (alt 1 i gCuid I, B, den Tábla a ghabhann le halt 3 den Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1981).
- ⁶³ ‘toimhdeofar ... nár shealbhóir ceadúnais chorr-thrádála ag a raibh feidhm de thuras na huairé ... an cosantóir’, *it shall be presumed ... that ... the defendant ... was not the holder of a casual trading licence for the time being in force* (alt 3(5)(a) den Acht Corr-Thrádála, 1980).

Achtanna 1978-1922

Sa Tábla seo a leanas déantar samplaí den séimhiú ar lorg an ghinidigh uatha fhirinscnigh dar críoch consan caol a thabhairt ar aird as Achtanna an Oireachtais ó 1978 siar go dtí an chéad Acht a d'achtaigh an tOireachtas, an tAcht um Bunreacht Shaorstáit Éireann, 1922.⁶⁴

1978	'oifig chláraithe an chomhair chreidmheasa', ⁶⁵ 'táirgeadh an chumainn fhéichiúnais' ⁶⁶
1977	'chun an bhoird fheidhmiúcháin', ⁶⁷ 'seirbhísí Príomh-Oifigigh Thalmhaíochta', ⁶⁸ 'le haghaidh córais cheadúnúcháin' ⁶⁹
1976	'ar mhodh liúntais chaiteachas', ⁷⁰ 'feidhmiú ginearálta an chleachtas chánach ioncaim' ⁷¹
1975	'sealbhóir ceadúnais mhargántaíochta', ⁷² 'sealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais', ⁷³ 'ceart chun sealúchais mhaoine' ⁷⁴

⁶⁴ Ar ndóigh, ní chuimsítear na samplaí uile den séimhiú áirithe seo sna hAchtanna sin sa Tábla, ná ní chuimsítear na samplaí uile ó 1980 ar aghaidh sa chuntas roimhe seo thuas, ach oiread; tabhair do d'aire, chomh maith, go dtabharfar samplaí eile nach n-áirítear sa Tábla, as na hAchtanna, sa chuid den chaibidil a thagann i ndiaidh an Tábla; ina theannta sin, is sa chéad chaibidil eile a thabharfar samplaí den ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ginidigh uatha dar críoch consan caol; tabharfar samplaí fánacha den díshéimhiú, chomh maith, sna fonótaí leis seo thíos.

⁶⁵ *the registered office of the credit union* (alt 23(5) den Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair (Leasú), 1978).

⁶⁶ 'ní bheidh an cumann féichiúnais féin ag gabháil do mhiondíol aon earraí nach de tháirgeadh an chumainn fhéichiúnais ná de tháirgeadh a chomhaltaí', *the debtor society shall not itself engage in ... the selling by retail of any goods which are neither produced by the debtor society or its members* (alt 61(1)(c) den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978).

⁶⁷ 'Féadfaidh an Bord Rialtóirí údarás a tharmligean chun an Bhoird Fheidhmiúcháin', *The Board of Governors may delegate to the Executive Board authority* (alt 2(b) d'Airteagal XII sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 1977).

⁶⁸ *the services of ... a Chief Agricultural Officer* (alt 70(1) d'Acht an Údaráis Náisiúnta um Chomhairle, Oideachas agus Taighde Talmhaíochta, 1977).

⁶⁹ 'Acht ... do Dhéanamh Socrú le haghaidh Córais Cheadúnúcháin do Mhonoróirí Táirgí Tobac', *An Act ... to Provide for a System of Licensing of Manufacturers of Tobacco Products* (teideal fada an Achta Airgeadais (Dleacht Máil ar Tháirgí Tobac), 1977).

⁷⁰ 'aon suimeanna a íocadh ar mhodh liúntais chaiteachas', *any sums paid by way of expenses allowance* (alt 44(5) den Acht Cumann Foirgníochta, 1976).

⁷¹ 'Gan dochar d'fheidhmiú ginearálta an chleachtas chánach ioncaim ar cháin chorparáide', *Without prejudice to the general application of income tax procedure to corporation tax* (alt 8(4) den Acht Cánach Corparáide, 1976).

⁷² 'a mhéid a bhaineann sé le sealbhóir láithreach ceadúnais mhargántaíochta', *so far as it applies to an existing holder of a negotiation licence* (alt 17(3) den Acht Ceardchumann, 1975).

⁷³ 'Ar iarratas ó shealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais', *On the application of the holder of a gaming machine licence* (alt 43(8) den Acht Airgeadais, 1975).

⁷⁴ 'ciallaíonn "teideal seilbhe" ceart láithreach chun sealúchais mhaoine', *"entitled in possess-*

1974	‘cléireach cúirte dúiche an cheantair chúirte dúiche’ ⁷⁵
1972	‘i gcóir ceantair bhailiúcháin rátaí’ ⁷⁶
1971	‘de réir gnáth-chleachtais bhaincéireachta’ ⁷⁷
1970	‘dualgais príomh-oifigigh fheidhmiúcháin’ ⁷⁸
1969	‘de thoradh an iarratais bhunaidh’, ⁷⁹ ‘faoi chomhair caiteachais chaipitil cheadaithe’ ⁸⁰
1968	‘de réir ceadúnais bhruithniúcháin’ ⁸¹
1967	‘obair phoist chonsalachta’, ⁸² ‘i dteideal sochair dhífhostaíochta, sochair mhíchumais, liúntais mháithreachais nó cúnaimh dhífhostaíochta’ ⁸³

ion” means having a present right to the enjoyment of property (alt 1 den Acht Cánach Rachmais, 1975).

- ⁷⁵ ‘Tabharfaidh féichiúnaí cothabhála faoi ordú cothabhála infheidhmithe fógra faoi aon athrú ar a sheoladh do chléireach cúirte dúiche an cheantair chúirte dúiche ina raibh cónaí air’, *A maintenance debtor under an enforceable maintenance order shall give notice to the district court clerk for the district court area in which he has been residing of any change of address* (alt 14(9) den Acht um Orduithe Cothabhála, 1974).
- ⁷⁶ ‘Is feidhm feidhmiúcháin ... bailitheoir rátaí faoi chomhairle contae a cheapadh i gcóir ceantair bhailiúcháin rátaí arna bhunú go dleathach sa chontae sin’, *The appointment of a rate collector under the council of a county for a rate collection district lawfully established in that country shall be an executive function* (alt 1 den Acht um Bainistí Chontae (Leasú), 1972).
- ⁷⁷ ‘cumhachtaí agus feidhmeanna a fheidhmiú agus a chomhlíonadh de chineál is féidir, de réir gnáth-chleachtais bhaincéireachta, le bancanna agus baincéirí a fheidhmiú’, *to exercise and carry out ... powers and functions of a kind which, in accordance with normal banking practice, may be exercised and carried out by banks or bankers* (alt 47 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971).
- ⁷⁸ ‘go bhfuil sé éirithe neamhábalta ar dhualgais príomh-oifigigh fheidhmiúcháin a chomhlíonadh’, *that he has become incapable of performing the duties of chief executive officer* (alt 21(5) den Acht Sláinte, 1970).
- ⁷⁹ ‘I gcás cinneadh arna dhéanamh faoin alt seo (de thoradh an iarratais bhunaidh nó achomhairc)’, *Where a decision given under this section (whether on the original application or on appeal)* (alt 4(8) d’Acht na dTithe, 1969).
- ⁸⁰ ‘ar deontas é faoi chomhair caiteachais chaipitil cheadaithe a thabhófar ag soláthar loinge nua’, *a grant towards approved capital expenditure incurred in providing ... a new ship* (alt 2(1) den Acht um Dheontais Infheistíochta Loingis, 1969).
- ⁸¹ ‘Toirmeashtar ... amh-mhianraí ... a bhruithniú ... ach amháin ... de réir ceadúnais bhruithniúcháin’, *The smelting of ore ... is ... prohibited save ... in accordance with a smelting licence* (alt 2(1) den Acht Bruithniúcháin, 1968).
- ⁸² ‘Saoráidí d’obair phoist chonsalachta’, *Facilities for the work of the consular post* (ceann-teideal Airteagal 28 den Choinbhinsiún sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967).
- ⁸³ ‘i gcás duine atá i dteideal sochair dhífhostaíochta, sochair mhíchumais, liúntais mháithreachais nó cúnaimh dhífhostaíochta’, *in the case of a person entitled to unemployment benefit, disability benefit, maternity allowance or unemployment assistance* (alt 3 i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967).

1966	‘lucht míchumais mheabhrach’, ⁸⁴ ‘táillí ceadúnais chraolacháin’ ⁸⁵
1965	‘i leith an ghabháltais bhunaidh’ ⁸⁶
1964	‘tar éis iarratais choigríche’ ⁸⁷
1963	‘Stampa an Stocmhargaidh dheimhniúcháin’, ⁸⁸ ‘lucht míchumais choirp nó mheabhrach’, ⁸⁹ ‘de réir rialacháin cheada’, ⁹⁰ ‘sealbhóir ceadúnais gheallghlacadóra’, ⁹¹ ‘toiliú oifigigh cheannais’ ⁹²
1962	‘údarás ceadúnais mháil’ ⁹³
1961	‘ceapadh Oifigigh Phrohbháide’ ⁹⁴

⁸⁴ ‘ospidéal do lucht míchumais mheabhrach’, *a hospital for persons suffering from mental disability* (alt 5(5) den Acht Toghcháin, 1963, arna chur isteach le halt 1(a)(i) den Acht Toghcháin (Leasú), 1966).

⁸⁵ ‘comhionann le hiomlán na bhfáltas sa bhliain sin i leith táillí ceadúnais chraolacháin’, *equal to the total of the receipts in that year in respect of broadcasting licence fees* (alt 2 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1966).

⁸⁶ ‘aon duine ag a bhfuil an deimhniú talún ... i leith an ghabháltais bhunaidh’, *any person having possession of the land certificate ... in respect of the original holding* (alt 46(5A) den Acht Talmhan, 1923: arna chur isteach le halt 30 den Acht Talún, 1965).

⁸⁷ ‘Ábhar a úsáid agus a fhoilsiú tar éis sonraíochta sealadaí nó iarratais choigríche’, *Use and publication after provisional specification or foreign application* (teideal taoibhe alt 49 d’Acht na bPaitinní, 1964).

⁸⁸ *Stamp of certifying Stock Exchange* (an Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Aistriú Stoic, 1963).

⁸⁹ *persons suffering from physical or mental disability* (alt 5(5) den Acht Toghcháin, 1963).

⁹⁰ ‘I gcás ... ina ndéanfar iarratas chun údarais phleanála de réir rialacháin cheada ag iarraidh cead chun talamh a fhorbairt’, *Where ... application is made to a planning authority in accordance with permission regulations for permission for the development of land* (alt 26(1) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963).

⁹¹ ‘is é a bheidh san airgead a gheofar maidir le glacadh geall a dhéanfar ... le sealbhóir ceadúnais gheallghlacadóra faoin Acht um Gheall-Chur, 1931 ...’, *the moneys received in respect of the acceptance of bets made ... with the holder of a bookmaker’s licence under the Betting Act, 1931, shall be ...* (alt 47(2) den Acht Airgeadais, 1963).

⁹² ‘le toiliú oifigigh cheannais a roinne’, *with the consent of the head officer of his department* (alt 5(3)(a) den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963).

⁹³ ‘in aon achtachán a cheanglaíonn údarás ceadúnais mháil a bheith ann le deoch mheisciúil a dhíol’, *in any enactment requiring the authority of an excise licence for the sale ... of intoxicating liquor* (alt 27(1) den Acht Deochanna Meisciúla, 1962); féach, áfach, an sampla seo a leanas den easpa séimhithe in Acht ón mbliain 1962: ‘le comhaontú an chomhthionóil príosúnach lena mbainfidh an scéal’, *with the agreement of the community of prisoners concerned* (Airteagal 37 sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962) – ní mé an é ba chúis leis an díshéimhiú anseo ná ‘príosúnach’ a bheith sa ghinideach iolra i ndiaidh cnuasainm..

⁹⁴ ‘alt 6 (a bhaineann le ceapadh Oifigigh Phrohbháide nó Scrúdaitheora) d’Acht 1945’, *section 6 (which relates to the appointment of the Probate Officer or an Examiner) of the Act of 1945* (alt 20 san Ochtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).

- 1960 ‘oifig phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin’,⁹⁵
 ‘suim a liúntais chiondála’,⁹⁶
 ‘limistéar feidhmiúcháin aon údaráis shláinte amháin’⁹⁷
-
- 1959 ‘le haghaidh aonaid chláraitheachta’,⁹⁸
 ‘Ionstraim cheapacháin mhaoir uisce’,⁹⁹
 ‘dualgais bhoird choimeádaithe’,¹⁰⁰
 ‘chun deontais cheannsráithe’¹⁰¹
-

⁹⁵ *the office of chief executive officer* (alt 18(1) den Acht um Údaráis Sláinte, 1960); cf. Caibidil 15 i dtaca leis an séimhiú ar ‘f’ tosaigh.

⁹⁶ ‘suim bhliantúil a liúntais chomhdhlúite chiondála’, *the annual amount of his consolidated ration allowance* (alt 4(3)(b) den Acht Arm-Phinsean (Uimh. 2), 1960).

⁹⁷ ‘I gcás inar do limistéar feidhmiúcháin aon údaráis shláinte amháin a sholáthraítear uisce ó sholáthar uisce poiblí áirithe’, *Where water from a particular public water supply is supplied to the functional area of one health authority only* (alt 3(1) den Acht Sláinte (Soláthairtí Uisce a Fhluarídiú), 1960) – tabhair do d’aire, anseo, an séimhiú ar ‘s’ tosaigh i ndiaidh focail dar críoch ‘s’, d’ainneoin na heaspa séimhithe ar ‘d’, ‘t’ agus ‘s’ i ndiaidh ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ agus ‘s’ de réir an Chaighdeáin Oifigiúil; féach, mar shamplaí eile de shárúithe ar an riail sin, ag dul siar go 1923: ‘Déanfar caiteachais údaráis shláintíochta faoin Acht seo a chruinniú, *The expenses of a sanitary authority under this Act shall be raised* (alt 6 den Acht um Áitribh Oifige, 1958); ‘más i gceantar údaráis shláinte eile atá an áit chónaithe chun a n-aistreoidh sé’, *where the residence to which he moves is situate in the district of another health authority* (alt 2(5)(a) d’Acht na Leanaí (Leasú), 1957); ‘limistéir shonraithe i gceantar sláintíochta an údaráis shláintíochta sin’, *a specified area within the sanitary district of such sanitary authority* (alt 11(1) den Acht Bainne agus Déirithe (Leasú), 1956); ‘obair do rinneadh do réir ordúithe údaráis shláintíochta fé sna hAchtanna Sláinte Puiblí’, *work executed in pursuance of an order of a sanitary authority under the Public Health Acts* (alt 17(5) den Acht um Thiarnaí Tighe agus Tionóntaithe, 1931); ‘i gcás údaráis shláintíochta bhaile’, *in the case of an urban sanitary authority* (alt 71(1)(a) den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927); ‘ar thaisbeáint chóipe dá údarás agus é deimhnithe do réir deabhraimh ag cléireach an údaráis shláintíochta ... san’, *on producing ... a copy of his authorisation purporting to be certified by the clerk ... of the sanitary authority* (alt 20(3) den Acht Rialtais Áitiúla, 1925), agus ‘Údaráis dhaingniúcháin’, *Confirming authorities* (teideal taoibhe alt 114 den Acht Fórsaí Cosanta (Forálacha Sealadacha), 1923).

⁹⁸ ‘le haghaidh aonaid chláraitheachta i ndáilcheantar a bheidh ann an lá sin’, *for a registration unit in a constituency existing on that day* (alt 6(1) den Acht Toghcháin (Leasú), 1959).

⁹⁹ ‘Ionstraim cheapacháin mhaoir uisce’, *Water keeper’s instrument of appointment* (teideal taoibhe alt 295 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959); cf. Caibidil 11 i dtaca leis an séimhiú ar lorg an ainm bhriathartha nó an ‘ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl’.

¹⁰⁰ ‘Déanfar luach saothair gach duine a cheapfar ... chun dualgais bhoird choimeádaithe a chomhlíonadh a íoc as ioncam an bhoird choimeádaithe sin’, *The remuneration of all persons appointed ... to perform the duties of a board of conservators shall be paid out of the revenue of such board of conservators* (alt 51(3) den Acht san fhonóta roimhe seo thuas).

¹⁰¹ ‘Chun na dTuarastal agus na gCostas sin de chuid na Cúirte Dúiche nach muirear ar an bPríomh-Chiste ... agus chun deontais Cheannsráithe’, *For such of the Salaries and Expenses of the District Court as are not charged on the Central Fund ... and for a Capitalisation grant* (Vóta Uimh. 30 i gCuid 1 de Sceideal B a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1959).

1958	‘feidhmeanna an údaráis fhorfheidhmiúcháin’, ¹⁰² ‘faoi réim threoir-fhigiúir chostais mhaireachtála’, ¹⁰³ ‘ceadúnas rás-riain chon’ ¹⁰⁴
1956	‘bord ospidéal mheabhairghalar’, ¹⁰⁵ ‘áititheoir stórais ghráin’, ¹⁰⁶ ‘chun aon oifigigh thaidhleoireachta’ ¹⁰⁷
1953	‘i gcáil údaráis chúnaimh phoiblí’ ¹⁰⁸
1950	‘de bhuidh ceadúnais cheantálaí’ ¹⁰⁹
1948	‘údarás sláintíochta aon cheantair shláintíochta’, ¹¹⁰ ‘iomlán an cheantair shláinte chontae’, ¹¹¹ ‘costais déanta córais phíopaí’ ¹¹²

¹⁰² ‘Féadfaidh údarás forfheidhmiúcháin a údarú d’aon duine dá oifigigh ... gníomhú mar chigire chun críocha feidhmeanna an údaráis fhorfheidhmiúcháin sin faoin Acht seo’, *An enforcing authority may authorise any of its officers ... to act as an inspector for the purposes of its functions under this Act* (alt 27(1) den Acht um Áitribh Oifige, 1958).

¹⁰³ ‘i gcás duine a ndearnadh a luach saothair ... a choigeartú faoi réim threoir-fhigiúir chostais mhaireachtála’, *in the case of a person whose remuneration ... was adjusted by reference to a cost-of-living index figure* (alt 1 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1958).

¹⁰⁴ *a greyhound race track licence* (alt 22(1) d’Acht Tionscail na gCon, 1958).

¹⁰⁵ *a mental hospital board* (alt 2 den Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1956).

¹⁰⁶ ‘Féadfaidh an tAire ... fógra a sheirbheáil ... ar áititheoir stórais ghráin á cheangal air an stóras gráin sin ... a ghlanadh’, *The Minister ... may ... serve on the occupier of a grain store a notice requiring him ... to clean ... such grain store* (alt 5(2) den Acht Toradh Talmhaíochta (Arbhar) (Leasú), 1956).

¹⁰⁷ ‘féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ... chun aon oifigigh thaidhleoireachta nó chonsalachta Éireannaigh ar dheimhniú náisiúntachta’, *[Any person ...] may apply ... to any Irish diplomatic officer or consular officer for a certificate ... of nationality* (alt 28(1) d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956).

¹⁰⁸ ‘Gach foras ceantair nó íclann cheantair a bhí ... á chothabháil ag comhairle chontae nó bardas contae-bhuirge i gcáil údaráis chúnaimh phoiblí’, *Every district institution or dispensary which ... was maintained by the council of a county or corporation of a county borough as a public assistance authority* (alt 7(1) den Acht Sláinte, 1953).

¹⁰⁹ ‘de bhuidh ceadúnais cheantálaí a deonadh faoi alt 8 den Acht um Cheantálaithe agus Luachálaithe Tithe, 1947’, *by virtue of ... an auctioneer’s licence granted under section 8 of the Auctioneers and House Agents Act, 1947* (alt 8(1)(a) den Acht Airgeadais, 1950) – cf. ‘ciallaíonn an abairt “ceantálaí ceadúnaithe” sealbhóir ceadúnais cheantálaí’, *the expression “licensed auctioneer” means a holder of an auctioneer’s licence* (alt 2(1) den Acht um Cheantálaithe agus Gníomhairí Tithe, 1947).

¹¹⁰ ‘Má chítear d’údarás sláintíochta aon cheantair shláintíochta nach bhfuil soláthar sásúil uisce do chríocha tís ag aon fhoirgint áirithe sa cheantar sin’, *Where any building in a sanitary district appears to the sanitary authority of that district not to be provided with a satisfactory supply of water for domestic purposes* (alt 20(1) den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948).

¹¹¹ ‘muirearófar iad ar iomlán an cheantair shláinte chontae sin’, *[Expenses] ... shall be charged on the whole of such county health district* (alt 50(1) den Acht atá luaite san fhonóta roimhe seo thuas).

¹¹² ‘Costais déanta córais píopaí d’íoc le húdarás sláintíochta’, *Payment to sanitary authority of their expenses in making system of pipes* (teideal taoibhe alt 25 den Acht atá luaite san fhonóta leathdheireanach sin thuas).

1947	‘ráta sochair bhreiteachta nó sochair dhíchumais ... i leith díchumais chogaidh’ ¹¹³
1946	‘ceart údaráis phleanála cheantair’, ¹¹⁴ ‘i dtaobh lánais chláir’ ¹¹⁵
1945	‘chun seirbhíse údaráis mheabhair-ghalar’, ¹¹⁶ ‘coiste fiosraithe óspidéal mheabhair-ghalar cheantair’, ¹¹⁷ ‘chun forais cheantair iomchuíbe an cheantair chúnaimh phoiblí’ ¹¹⁸
1944	‘dochtúir údaráis mhaoirseachta áitiúil’ ¹¹⁹
1940	‘fé threoir an chostais bheatha’ ¹²⁰
1939	‘dáta an ghealltanais cheannaigh sin’, ¹²¹ ‘d’fháil bhreithiúnais chúirte inniúla’ ¹²²
1937	‘chun crícheanna fiosrúcháin phraghais’ ¹²³

¹¹³ ‘an ráta sochair bhreiteachta nó sochair dhíchumais chun a bhfuil teideal ag duine d’fhónaigh sna Fórsaí Breataineacha agus atá ag fáil pinsin is iníoctha ag an Rialtas Breataineach i leith díchumais chogaidh nach den ghrád is aoirde’, *the rate of sickness benefit or disablement benefit to which a person, who has served in the British Forces and who is in receipt of a pension payable by the British Government in respect of a war disablement which is not in the highest degree, is entitled* (alt 14(3) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1947).

¹¹⁴ *the right of a district planning authority* (alt 37(5) den Acht Foraoiseachta, 1946).

¹¹⁵ ‘teastas faoi shéala oifigiúil an Aire i dtaobh lánais chláir’, *A certificate under the official seal of the Minister as to the contents of a register* (alt 23(3) den Acht Taighde agus Caihdeán Tionscail, 1946).

¹¹⁶ ‘a cheapadh ... chun seirbhíse údaráis mheabhair-ghalar’, *is ... appointed ... to the service of a mental authority* (alt 86(5) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945).

¹¹⁷ *visiting committee of a district mental hospital* (alt 3 den Acht san fhonóta roimhe seo thuas) – cf. teideal taoibhe alt 96 den Acht céanna.

¹¹⁸ ‘é chur chun forais cheantair iomchuíbe an cheantair chúnaimh phoiblí inar chomhnaigh sé’, *send him to the appropriate district institution of the public assistance district in which he resided* (alt 224 den Acht céanna sin atá luaite san fhonóta leathdheireanach sin thuas).

¹¹⁹ ‘Tuarascbháil bhliantúil ó dochtúir oifigiúil údaráis mhaoirseachta áitiúil’, *Annual report by medical officer of local supervising authority* (teideal taoibhe alt 50 d’Acht na mBan Cabhartha, 1944).

¹²⁰ ‘Aois-Liúntais is Iníoctha ag Údaráis Áitiúla agus is Ionatharuithe ... fé Threoir an Chostais Bheatha’, *Superannuation Allowances Payable by Local Authorities which are Variable ... by Reference to the Cost of Living* (teideal fada Acht na nÚdarás nÁitiúil (Costas Beatha), 1940).

¹²¹ ‘dáta an chó-aontuithe no an ghealltanais cheannaigh sin’, *the date of the said agreement or undertaking to purchase* (alt 21 den Acht Talmhan, 1939).

¹²² ‘I gcás ... bord coimeádaithe d’fháil bhreithiúnais chúirte inniúla i gcoinnibh léasaí iascaigh’, *Where ... a judgment of a competent court has been obtained by a board of conservators against the lessee of a fishery* (alt 83(3) den Acht Iascaigh, 1939).

¹²³ *for the purposes of a price investigation* (alt 23(4) den Acht chun Praghsanna do Rialú, 1937).

1936	‘bord sláinte an cheantair shláinte chontae sin’, ¹²⁴ ‘oibriú ceadúnais ghnótha eitlíochta’, ¹²⁵ ‘easair chaonaigh mhóna’ ¹²⁶
1935	‘faoi láimh oifigigh shamplála’ ¹²⁷
1934	‘i dtaobh nirt chuirp’, ¹²⁸ ‘sealbhóir ceadúnais fhásóra’ ¹²⁹
1933	‘oibriú ceadúnais cheannuitheora’ ¹³⁰
1932	‘de dhruim fiosrúcháin phraghais’ ¹³¹
1931	‘de dheascaibh mí-chumais chuirp’ ¹³²
1930	‘dualgas an údaráis fheidhmiúcháin’, ¹³³ ‘có-choiste bhainistí Ospidéal Mheabharghalar Cheanntair Ghráinseach Gormáin’, ¹³⁴

¹²⁴ ‘bord sláinte an cheantair shláinte chontae sin do bheith tar éis iostán sa mbreis ... do chur ar fáil’, *the board of health for such county health district has provided an additional cottage* (alt 12(2)(b)(i) d’Acht na Sclábhaithe, 1936) – cf. ‘bord sláinte an cheanntair shláinte chontae’, *the board of health for the county health district* (alt 1 den Acht Neodrachta (Díobháil Chogaidh do Mhaoín), 1941).

¹²⁵ ‘Oibriú ceadúnais ghnótha eitlíochta’, *Operation of aviation business licence* (teideal taoibhe alt 90 den Acht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936).

¹²⁶ ‘foluonn an focal “móin” brícíní bheidh déanta ar fad no nach mór ar fad de mhóin, ach ní fholuonn sé easair chaonaigh mhóna’, *the word “turf” includes peat, and also includes briquettes made wholly or mainly of peat, but does not include peat moss litter* (alt 1 den Acht Móna (Úsáid agus Forbairt), 1936).

¹²⁷ ‘beidh deimhniú bheireann le tuiscint é bheith fé láimh oifigigh shamplála do thóg sampla de bhainne do réir fógra shamplála’, *a certificate purporting to be under the hand of a sampling officer who took a sample of milk in pursuance of a sampling notice* (alt 57(5) den Acht Bainne agus Déirithe, 1935).

¹²⁸ ‘toisc é do theip ortha bheith do réir pé éilithe i dtaobh nirt chuirp a hordófar leis an scéim’, *by reason of their failure to satisfy such requirements with respect to physique as may be prescribed by the scheme* (alt 79(3)(e) den Acht um Chúiteamh do Lucht Oibre, 1934).

¹²⁹ ‘maran sealbhóir ceadúnais fhásóra an duine sin’, *unless such person is the holder of a grower’s licence* (alt 18(1) den Acht Tobac, 1934).


¹³⁰ ‘Oibriú ceadúnais cheannuitheora’, *Operation of purchaser’s licence* (teideal taoibhe alt 25 d’Acht na bhFranncach Muisic, 1933).

¹³¹ ‘Imeachta de dhruim fiosrúcháin phraghais’, *Proceedings consequential on price investigation* (teideal taoibhe alt 25 den Acht chun Praghsanna do Rialú, 1932).

¹³² ‘no go bhfuil sé á chosc ... de dheascaibh mí-chumais chuirp do tháinig ... as gníomh neadhleathach duine eile’, *or is prevented by physical incapacity arising ... from the unlawful act of another person* (alt 25(1) sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Bunreachta (Leasú Uimh. 17), 1931).

¹³³ ‘Dualgas an údaráis fheidhmiúcháin’, *Duty of enforcing authority* (teideal taoibhe alt 88 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930).

¹³⁴ ‘ballraíocht chó-choiste bhainistí Ospidéal Mheabharghalar Cheanntair Ghráinseach Gormáin’, *membership of the joint committee of management of the Grangegormán District Mental Hospital* (alt 40(2)(b) den Acht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930); cf. Caibidil 9 i dtaca leis an séimhiú ar an ngingideach iolra agus féach lch 331 i dtaca le forbairt reatha Ghráinseach Ghormáin.



	‘baill choiste oideachais ghairme beatha’ ¹³⁵
1929	‘de dheascaibh dí-nirt chuirp’ ¹³⁶
1925	‘cruinnithe an údaráis chontae’ ¹³⁷
1923	‘oifig Oifigigh Chabhra Teinteáin’, ¹³⁸ ‘Comhachtanna bainistí ... an Ospidéal Mheabharghalar’ ¹³⁹
1922	‘feidhmiú an údaráis fheidhmiúcháin’ ¹⁴⁰

Ginideach Uatha agus Ainmneach Iolra araon

I gcás Achtanna an Oireachtais, Ionstraimí Reachtúla agus na reachtaíochta i gcoitinne, tá cúis amháin ach go háirithe a chuirfeadh leis an argóint gur chóir ainmfhocal sa ghinideach atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol sa ghinideach a shéimhiú, díreach mar a dhéantar le hainmfhocal sa ghinideach atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol, is é sin, go bhfaightear samplaí san aon Acht amháin nó san Ionstraim Reachtuil amháin, minic go leor, den aonad ainmfhoclach céanna ach an dara hainmfhocal san aonad a bheith faoi réir ag an nginideach uatha den ainmfhocal tosaigh i gcás amháin (nó níos mó) agus faoi réir ag an bhfoirm iolra den ainmfhocal tosaigh sa chás eile (nó i gcásanna eile), agus gurb aisteach go mbeadh an dara hainmfhocal faoi shéimhiú i gcás amháin agus díséimhithe sa chás eile, tharla, ó bhunús, gur cheart go mbeadh an séimhiú ar an dara hainmfhocal sin sa dá chás. I gcomórtas

¹³⁵ *the members of a vocational education committee* (alt 14(5) den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930).

¹³⁶ ‘más mí-chumas oibre de dheascaibh galair éigin áirithe no dí-nirt éigin áirithe chuirp no aigne fé ndéar a bheith díomhaoin’, *if his unemployment arises from incapacity for work due to some specific disease or bodily or mental disablement* (alt 19(2) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1929).

¹³⁷ ‘tré bheith i láthair ag cruinnithe an údaráis chontae ... sin’, *in attending the meetings of such county authority* (alt 63(2) den Acht Rialtais Áitiúla, 1925).

¹³⁸ ‘Má dhineann Bórd Sláinte na Contae a chomhacht do chur i bhfeidhm fén Scéim seo agus oifig Oifigigh Chabhra Teinteáin do chur ar ceal’, *Should the County Board of Health exercise their power under this Scheme and abolish the office of Home Help Officer* (alt 21 de Scéim Chontae Chill Dara sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialtas Áitiúil (Forálacha Sealadacha), 1923).

¹³⁹ ‘Comhachtanna bainistí agus smachta an Teaghlaigh agus na nOspideul gContae, agus an Ospidéal Mheabharghalar in Inis Cortha’, *Powers of management and control of the County Home and Hospitals, including the Mental Hospital at Enniscorthy* (alt 4(a) de Scéim Chontae Loch Garman sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht atá luaite san fhonóta roimhe seo thuas).

¹⁴⁰ *the exercise of the Executive Authority* (alt 51 de Bhunreacht Shaorstát Éireann sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bun-reacht Shaorstáit Éireann, 1922).

le ‘aonaid chónaithe’¹⁴¹ in alt amháin in Acht ón mbliain 2011, mar shampla, faighimid ‘úinéireacht aonaid cónaithe’¹⁴² in alt eile san Acht céanna;¹⁴³ i gcomórtas le ‘Stáit nó aonaid chríche áirithe a ainmniú’¹⁴⁴ in alt amháin in Acht ón mbliain 2001,¹⁴⁵ faighimid ‘faoi dhlí an stáit nó an aonaid críche sin’¹⁴⁶ in alt eile san Acht céanna,¹⁴⁷ agus, i gcomórtas le ‘Oifigigh chomhionannais’¹⁴⁸ i dteideal taoibhe ailt in Acht ón mbliain 1990, faighimid ‘os comhair oifigigh comhionannais’¹⁴⁹ i bhfo-alt den alt céanna sin. Agus, má thógaimid ‘sárú gealltanais pósta’, a tugadh thuas as teideal fada an Achta um an Dlí Teaghlaigh, 1981, faighimid ‘Gan gealltanais phósta a bheith inchurtha i bhfeidhm leis an dlí’¹⁵⁰ mar theideal taoibhe alt 2 den Acht sin.

Murab ionann agus na samplaí sin, i gcás na samplaí seo a leanas d’ainmfhocail arna séimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail sa ghinideach uatha, faightear samplaí sna hAchtanna céanna den séimhiú ar na hainmfhocail chéanna sin sa

¹⁴¹ ‘I gcás ... gur aonaid chónaithe iad na haonaid go léir i bhforbairt ilaonad’, *Where ... all the units in a multi-unit development are residential units* (alt 2(2) den Acht um Fhorbairt Ilaonad, 2011).

¹⁴² ‘mar gheall ar úinéireacht aonaid cónaithe’, *by reason of ownership of a residential unit* (alt 2(4)).

¹⁴³ Cf. ‘chun a chumasú d’úinéir gach aonaid cónaithe áitiú sítheach sítheoilte an aonaid cónaithe is leis ... a theachtadh’, *to enable the owner of each residential unit to enjoy the quiet and peaceful occupation of the residential unit of which he ... is the owner* (alt 3(3) (b)).

¹⁴⁴ *Designation of certain states or territorial units* (teideal taoibhe alt 57A den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, arna chur isteach le halt 23 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001).

¹⁴⁵ Cf., mar shampla, ‘Stáit a bhfuil aonaid chríche uathrialacha acu’, *States having autonomous territorial units*, agus ‘I gcás dhá chóras dlí nó níos mó in aonaid chríche éagsúla a bheith ag Stát’, *In relation to a State which has two or more systems of law ... in different territorial units* (Airteagal 6(2) agus Airteagal 36, faoi seach, de Choinbhinsiún na Háige i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Uchtála, 2010).

¹⁴⁶ ‘gur cion é iompar den sórt sin faoi dhlí an stáit nó an aonaid críche sin’, *that such conduct is an offence under the law of that state or territorial unit* (alt 31(7)(c)(i) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, arna chur isteach le halt 21 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001).

¹⁴⁷ Cf. ‘faoi dhlíthe aonaid críche de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá’, *under the laws ... of a territorial unit of the United States of America* (alt 1(1) d’Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009), agus ‘lena n-áirítear dlí aonaid críche de chuid stáit’, *including the law of a territorial unit of a state* (alt 41(1) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010).

¹⁴⁸ *Equality officers* (teideal taoibhe alt 76 d’Acht na bPinsean, 1990).

¹⁴⁹ ‘ná ní dhéanfaidh aon duine a bhfuil baint aige le himeachtaí os comhair oifigigh comhionannais ... aon fhaisnéis den sórt sin a nochtadh’, *nor shall any person concerned in proceedings before an equality officer ... disclose any such information* (alt 76(4) den Acht sin roimhe seo thuas).

¹⁵⁰ *Engagements to marry not enforceable at law*.

ghinideach ar lorg an ainmfhocail tosaigh chéanna sin san iolra, mar a fheictear idir lúibíní sa liosta seo a leanas:

- ‘sealbhóir ceadúnais bhaincéara’¹⁵¹ (‘ceadúnais bhaincéirí’)¹⁵²
‘an ráta pinsin bhaintrí’¹⁵³ (‘pinsin bhaintreach’)¹⁵⁴
‘téarma oifige gach baill bhoird sláinte’¹⁵⁵ (‘baill bhoird sláinte’)¹⁵⁶
‘cinneadh oifigigh bhreithiúnachta’¹⁵⁷ (‘oifigigh bhreithiúnachta’)¹⁵⁸
‘i leith an chostais chaipitil’¹⁵⁹ (‘na costais chaipitil’)¹⁶⁰
‘luach fáltais chaipitil’¹⁶¹ (‘fáltais chaipitil’)¹⁶²

¹⁵¹ ‘cialluíonn an abairt “bancaer ceadúnuithe” sealbhóir ceadúnais bhancaera arna eisiúint dó féin Acht so’, *the expression “licensed banker” means the holder of a banker’s licence issued to him under this Act* (alt 2 d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942).

¹⁵² ‘Ceadúnais bhancaerí’, *Bankers’ licences* (teideal taoibhe alt 47 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

¹⁵³ ‘an ráta pinsin bhaintrí (ranníocach)’, *the rate of widow’s (contributory) pension* (alt 87(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

¹⁵⁴ ‘Pinsin bhaintreach a íoc’, *Payment of widows’ pensions* (teideal taoibhe alt 190 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

¹⁵⁵ ‘Is ar an lá cheaptha thosnóidh téarma oifige gach baill bhúird sláinte toghfar ag an gcéad toghachán do bhaill bhúird sláinte’, *The term of office of every board of health member elected at the first election of board of health members shall commence on the appointed day* (alt 11(3) d’Acht Ospidéal Fhiabhrais Bhaile Átha Cliath, 1936).

¹⁵⁶ Féach an fonóta roimhe seo thuas; cf. ‘Beidh bord an óspidéal có-dhéanta ... de thrí baill (dá ngairmtear baill bhúird sláinte san Acht so) a thoghfaidh an bord sláinte’, *The hospital board shall consist of ... three members (in this Act referred to as board of health members) elected ... by the board of health* (alt 8 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

¹⁵⁷ ‘an t-am ... a fhorordú ... ina dtógfar ceisteanna le cinneadh oifigigh bhreithiúnachta a fháil orthu’, *prescribe the time ... of ... raising questions for determination by deciding officers* (alt 261(1)(b) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

¹⁵⁸ ‘a fhorordú cad é an cleachtas ... a leanfar nuair a bheidh ceisteanna atá le meas ... ag oifigigh bhreithiúnachta á meas’, *prescribe the practice ... to be followed on the consideration ... of questions to be considered ... by ... deciding officers* (alt 261(1)(d) den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

¹⁵⁹ ‘chun deontais a thabhairt do dhaoine a bheas ag gabháil do thaighde talmhaíochta i leith an chostais chaipitil a bhainfeas lena saoráidí ... a leathnú’, *making grants to persons engaged in carrying out agricultural research in respect of the capital cost of the extension ... of their facilities* (alt 10(2)(a) den Acht Talmhaíochta (An Foras Talúntais), 1958).

¹⁶⁰ ‘Aon chuid den Chiste Caipitil ... nach mbeidh ag teastáil le haghaidh caiteachais reatha maidir leis ... na costais chaipitil a sonraítear i bhfo-alt (2)’, *Such part of the Capital Fund ... as is not required for the purpose of meeting current expenditure in relation to the ... capital costs specified in subsection (2)* (alt 10(3) den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

¹⁶¹ ‘Dá mba rud é ... gur mhó méid nó luach fáltais chaipitil ná an tsuim’, *If ... the amount or value of a capital receipt would exceed the sum* (alt 54(4) den Acht Airgeadais, 1982).

¹⁶² ‘Fáltais chaipitil i leith scaireanna scéime’, *Capital receipts in respect of scheme shares* (teideal taoibhe alt 54 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

‘seachaint dliteanais chánach’¹⁶³ (‘dliteanais chánach’)¹⁶⁴
 ‘ceapachán oifigigh cheannais’¹⁶⁵ (‘oifigigh cheannais’)¹⁶⁶
 ‘i bhfeighil lárionaid shíciatraigh cheantair’¹⁶⁷
 (‘lárionaid shíciatracha cheantair’)¹⁶⁸
 ‘in aghaidh chinneadh oifigigh chíosa’¹⁶⁹ (‘oifigigh chíosa’)¹⁷⁰
 ‘díolúine an údaráis chlárúcháin’¹⁷¹ (‘údaráis chlárúcháin’)¹⁷²

- ¹⁶³ ‘agus nár sheachaint dliteanais chánach ... ceann de mhór-chuspóirí an chumaisc’, *and that the avoidance of liability to tax was not ... one of the main purposes of the merger* (alt 136(1)(b) den Acht Cánach Corparáide, 1976) – cf. ‘faisnéis ábhartha ... maidir le méid aon dliteanais chánach den sórt sin’, *information relevant ... to the amount of any such tax liability* (alt 31(3)(b) den Acht Airgeadais, 1979), agus, ar lorg an ghinidigh cháilithe, ‘gur mó comhiomlán an mhéid cánach a íocadh i leith a rachmais inchánach ... agus an mhéid a íocadh i leith a dhliteanais chánach ioncaim ... ná 80 faoin gcéad dá ioncam iomlán’, *that the combined total of the amount of tax paid in respect of his taxable wealth ... and the amount paid in respect of his income tax liability ... exceeds 80 per cent. of his total income* (alt 21(1) den Acht Cánach Rachmais, 1975).
- ¹⁶⁴ ‘gurb iad na dliteanais chéanna chánach ... a bheidh ... ar an gcuideachta’, *that the ... liabilities to tax ... of the company ... are ... the same* (alt 105(3) den Acht Cánach Corparáide, 1976) – cf. ‘chun a áirithiú gur mar a chéile ... do na dliteanais chánach’, *for securing that the ... liabilities to tax ... are ... the same* (alt 784E(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 19(1)(b)(iii) den Acht Airgeadais, 1999).
- ¹⁶⁵ ‘más ceapachán oifigigh cheannais a chúlghairfear’, *where the appointment revoked is the appointment of a presiding officer* (alt 31(1) i gCuid I den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977).
- ¹⁶⁶ ‘Oifigigh cheannais agus cléirigh vótaíochta’, *Presiding officers and poll clerks* (teideal taoibhe an ailt sin 31 a luaitear san fhonóta roimhe seo thuas) – cf. ‘Oifigigh cheannais speisialta’, *Special presiding officers* (teideal taoibhe alt 9 den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986).
- ¹⁶⁷ *in charge of a district ... psychiatric centre* (alt 33(2) den Acht Sláinte (Seirbhísí Meabhairghalar), 1981).
- ¹⁶⁸ ‘Lárionaid shíciatracha cheantair’, *District psychiatric centres* (teideal taoibhe alt 9 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).
- ¹⁶⁹ ‘achomharc a dhéanamh chun an Bhinse in aghaidh chinneadh oifigigh chíosa ag socrú téarmaí tionóntachta’, *appeal to the Tribunal against the determination of a rent officer fixing the terms of a tenancy* (alt 11(1) d’Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) (Leasú), 1983).
- ¹⁷⁰ ‘Oifigigh chíosa’, *Rent officers* (teideal taoibhe alt 6 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).
- ¹⁷¹ ‘Díolúine an údaráis chlárúcháin’, *Indemnity of registering authority* (teideal taoibhe alt 118 den Acht um Chlárú Teidil, 1964) – cf. ‘déanfar an t-ordú muirir ... a tharchur chun an údaráis chlárúcháin’, *the charging order ... shall be transmitted to the registering authority* (alt 54(4) den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978).
- ¹⁷² ‘Údaráis Chlárúcháin’, *Registering Authorities* (ceannteideal os cionn alt 9 den Acht um Chlárú Teidil, 1964) – cf. ‘údaráis chlárúcháin’, *registration authorities* (alt 5(2) den Acht Toghcháin (Leasú), 1990); féach fonóta 178 (a ghabhann le ‘cumainn chónascacháin’), ar an gcéad leathanach eile, i dtaca leis an iarmhír ‘-acháin’ a úsáid chun an ginideach den ainm briathartha a sheachaint i gcás inar gá (cf. lch 73 thuas).

‘ainm an bhoird choimeádaithe’¹⁷³ (‘boird choimeádaithe’)¹⁷⁴
‘de bhun iarratais choinbhinsiúin’¹⁷⁵ (‘iarratais choinbhinsiúin’)¹⁷⁶
‘i gcás gach cumainn chónascacháin’¹⁷⁷ (‘na cumainn chónascacháin’)¹⁷⁸
‘comhaltaí an phoist chonsalachta’¹⁷⁹ (‘poist chonsalachta’)¹⁸⁰
‘sealbhóir ceadúnais chorrthrádála’¹⁸¹ (‘ceadúnais chorrthrádála’)¹⁸²

¹⁷³ ‘go gcuirfear ainm an bhoird a bheidh bunaithe amhlaidh in ionad ainm an bhoird choimeádaithe sin’, *the name of the board so established shall be substituted for that of such board of conservators* (alt 10(13)(vi) den Acht Iascaigh, 1980) – mar shampla eile den ghinideach uatha, féach ‘dualgais bhoird choimeádaithe’, *the duties of a board of conservators* (alt 51(3) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).

¹⁷⁴ ‘Boird choimeádaithe a dhíscaoileadh’, *Boards of conservators dissolved* (teideal taoibhe alt 34 den Acht Iascaigh, 1980).

¹⁷⁵ ‘I gcás ina gcomhdófar sonraíocht iomlán de bhun iarratais choinbhinsiúin’, *Where a complete specification is filed in pursuance of a convention application* (alt 49(2) d’Acht na bPaitinní, 1964).

¹⁷⁶ ‘Forálacha forlíontacha maidir le hiarratais choinbhinsiúin’, *Supplementary provisions as to convention applications* (teideal taoibhe alt 94 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

¹⁷⁷ ‘i gcás gach cumainn chónascacháin díobh’, *in the case of each amalgamating union* (alt 2(2) den Acht Ceardchumann, 1975).

¹⁷⁸ ‘ciallaíonn “na cumainn chónascacháin” agus “an cumann cónasctha”, faoi seach, maidir le cónascadh atá beartaithe, na ceardchumainn a bheartaíonn cónascadh agus an ceardchumann a leanfaidh as an gcónascadh atá beartaithe’, *“the amalgamating unions” and “the amalgamated union”, in relation to a proposed amalgamation, mean respectively the trade unions proposing to amalgamate and the trade union which is to result from the proposed amalgamation* (alt 1(1) den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas) – tabhair do d’aire, i gcomhthéacs Chuid I den staidéar seo, an tslí go n-úsáidtear an ginideach de ‘cónascachán’ sa sliocht sin in áit an ghinidigh den ainm briathartha ‘cónascadh’, a bheadh ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha san fho-alt sin (féach lch 73 thuas; cf. ‘údarás chlárúcháin’ ar an leathanach roimhe seo).

¹⁷⁹ ‘ciallaíonn “comhaltaí an phoist chonsalachta” oifigigh chonsalachta, fostaithe consalachta, agus comhaltaí na foirne seirbhíse’, *“members of the consular post” means consular officers, consular employees and members of the service staff* (Airteagal 1(g) den Choinbhinsiún sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967) – féach na séimhithe go léir i gceannteideal Airteagal 21: ‘Tosaíocht idir oifigigh chonsalachta poist chonsalachta’, *Precedence as between consular officers of a consular post*.

¹⁸⁰ ‘a áirithiú go gcomhlíonfaidh poist chonsalachta feidhmeanna go héifeachtach thar ceann a Stát faoi seach’, *to ensure the efficient performance of functions by consular posts on behalf of their respective States* (an Brollach leis an gCoinbhinsiún dá dtagraítear san fhonóta roimhe seo thuas).

¹⁸¹ ‘toimhdeofar ... nár shealbhóir ceadúnais chorrthrádála ag a raibh feidhm de thuras na huaire ... an osantóir’, *it shall be presumed ... that ... the defendant ... was not the holder of a casual trading licence for the time being in force* (alt 3(5)(a) den Acht Corr-Thrádála, 1980).

¹⁸² ‘ceadúnais chorrthrádála a thaispeáint’, *Display of ... casual trading licences* (teideal taoibhe alt 6(1) den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

'i dtéarmaí an aonaid chuntais'¹⁸³ ('aonaid chuntais')¹⁸⁴
 'i dteannta an phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin'¹⁸⁵
 ('príomh-oifigigh fheidhmiúcháin')¹⁸⁶
 'méid an liúntais fhoirgníochta thionscail'¹⁸⁷
 ('liúntais fhoirgníochta tionscail')¹⁸⁸
 'd'éagmais deontais fhostaíochta'¹⁸⁹ ('deontais fhostaíochta')¹⁹⁰
 'i gcás glacadáin ghaile'¹⁹¹ ('glacadáin ghaile')¹⁹²
 'sealbhóir ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis'¹⁹³
 ('ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis')¹⁹⁴

-
- ¹⁸³ 'Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an modh luachála i leith Airgeadraí Inúsáidte a chinneadh, i dtéarmaí an Aonaid Chuntais, de réir chleachtais airgeadaíochta idirnáisiúnta na huaire', *The Executive Board shall determine the method of valuation of Usable Currencies, in terms of the Unit of Account, in accordance with prevailing international monetary practice* (alt 3 d'Airteagal 8 den Chomhaontú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um an gComhchiste Idirnáisiúnta do Thráchtearraí, 1982).
- ¹⁸⁴ 'Luach (Aonaid Chuntais)', *Value (Units of Account)* (Sceideal A a ghabhann leis an gComhaontú dá dtagraítear san fhonóta sin roimhe seo thuas).
- ¹⁸⁵ 'I dteannta an phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin', *In addition to the chief executive officer* (alt 14(1) den Acht Sláinte, 1970).
- ¹⁸⁶ 'Príomh-oifigigh fheidhmiúcháin bord sláinte', *Chief executive officers of health boards* (teideal taoibhe alt 13 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas) – tabhair do d'aire an séimhiú ar 'f' tosaigh anseo (cf. Caibidil 15).
- ¹⁸⁷ 'méid an liúntais fhoirgníochta thionscail a tugadh dó', *the amount of the industrial building allowance ... made to him* (alt 26(5) den Acht Airgeadais, 1959).
- ¹⁸⁸ 'amhail mar atá feidhm acu maidir le liúntais fhoirgníochta tionscail do bhlianta measúnachta dar tosach an 6ú lá d'Aibreán, 1959', *as they apply in relation to industrial building allowances for years of assessment beginning on ... the 6th day of April, 1959* (alt 24(4) den Acht dá dtagraítear san fhonóta sin roimhe seo thuas) – tabhair do d'aire an easpa séimhithe in alt 73(4) den Acht, áfach: 'Maidir le liúntais foirgníochta tionscail in aghaidh blianta measúnachta dar tosach an 6ú lá d'Aibreán, 1959', *In relation to industrial building allowances for years of assessment beginning on ... the 6th day of April, 1959*.
- ¹⁸⁹ '... nach ndéanfaí é a fhorbairt d'éagmais deontais fhostaíochta', [*the undertaking*]... *would not be developed in the absence of an employment grant* (alt 2(2)(c) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Uimh. 2), 1981).
- ¹⁹⁰ 'Deontais fhostaíochta do thionscail seirbhíse', *Employment grants to service industries* (teideal taoibhe alt 2 den Acht dá dtagraítear san fhonóta sin roimhe seo thuas) – cf. fonóta 186 thuas.
- ¹⁹¹ 'Déanfar aon tagairt san alt seo d'obair ar inneall ... a fhorléiriú ... i gcás glacadáin ghaile, mar thagairt a fholaíonn tagairt d'obair i ndáil le húsáid gaile sa ghlacadán sin', *Any reference in this section to working on ... a machine shall ... in the case of a steam receiver, be construed as including a reference to working in connection with the use of steam in that receiver* (alt 32(2)(b) den Acht Monarchan, 1955, arna ionadú le halt 17 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal, 1980).
- ¹⁹² 'Glacadáin ghaile', *Steam receivers* (teideal taoibhe alt 32 d'Acht sin 1980 dá dtagraítear san fhonóta sin roimhe seo thuas).
- ¹⁹³ *the holder of a poultry hatchery licence* (alt 9(3) den Acht Gorranna Éanlaithe Clóis, 1947).
- ¹⁹⁴ 'Ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis', *Poultry hatchery licences* (teideal taoibhe alt 9 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

‘dochtúir údaráis mhaoirseachta áitiúil’¹⁹⁵
 (‘údaráis mhaoirseachta áitiúil’)¹⁹⁶
 ‘sonraí gach ceadúnais mharsantais’
 (‘ceadúnais mharsantais’)¹⁹⁷
 ‘ar scór cirt mhóna’¹⁹⁸ (‘cirt mhóna’)¹⁹⁹
 ‘dualgais an oifigigh phainéaltachta’²⁰⁰
 (‘na hoifigigh phainéaltachta’)²⁰¹

Agus, ar ndóigh, má théitear lasmuigh den aon Acht céanna amháin, faightear tuilleadh aonad comhchosúil agus iad comhdhéanta d’ainmfhocal arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile sa ghinideach uatha, i gcás amháin, agus den ainmfhocal céanna sin arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg an ainmfhocail tosaigh chéanna sin san iolra, sa chás eile. Arís, i gcás na samplaí sa liosta seo a leanas, tugtar an t-aonad ainmfhoclach



‘cirt mhóna’

- ¹⁹⁵ ‘Tuarascbháil bhliantúil o dhochtúir oifigiúil údaráis mhaoirseachta áitiúil’, *Annual report by medical officer of local supervising authority* (teideal taoibhe alt 50 d’Acht na mBan Cabhartha, 1944).
- ¹⁹⁶ ‘Íocaíochta o údaráis mhaoirseachta áitiúla leis an mBord’, *Payments by local supervising authorities to the Board* (teideal taoibhe alt 22 den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).
- ¹⁹⁷ ‘déanfaidh an tAire sonraí gach ceadúnais mharsantais (iompróir láithreach) a leasú dá réir sin sa chláir de cheadúnais mharsantais a choimeádtar faoi alt 6 d’Acht 1971’, *the Minister shall correspondingly amend the particulars of each merchandise (existing carrier’s) licence in the register of merchandise licences kept under section 6 of the Act of 1971* (alt 3(2)(iii) den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1978).
- ¹⁹⁸ ‘ní cuirfar éinne fé cháinmheas ráta dhréineála ar scór cirt mhóna’, *no person shall be assessed to a drainage rate in respect of a turbarry right* (alt 18(f) den Acht Dréineála Airtéirighe (Mion-Scéimeanna), 1928).
- ¹⁹⁹ ‘áireofar luach an phortaigh sin lasmuich d’aon chirt agus fé réir aon cheart (dá ngairmtear cirt mhóna san alt so) chun móin do bhaint agus do bhreith as an bportach san’, *the value of such bog land shall be taken exclusive of and subject to any rights (in this section referred to as turbarry rights) of cutting and removing turf from such bog land* (alt 18(a) den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).
- ²⁰⁰ ‘cialluíonn an focal “an t-oifigeach paineultachta” an t-oifigeach ar a gceangailtear leis an alt so ... dualgaisí an oifigigh phaineultachta do chólíona’, *the expression “the empanelling officer” means the officer who is ... required by this section to perform the duties of the empanelling officer* (alt 28(2) d’Acht na nGiúirithe, 1927).
- ²⁰¹ ‘déanfidh an t-oifigeach paineultachta no na hoifigigh phaineultachta uile agus fé seach i gcomhairle ... na hainmneacha uile a toghadh amach as na leabhra san de choisteoirí d’iontráil in aon phainéal amháin’, *the empanelling officer or the several empanelling officers in consultation ... shall enter all the names selected from the said jurors books in one panel* (alt 34(3) den Acht san fhonóta sin roimhe seo thuas).

ina bhfuil an t-ainmfhocal faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra idir lúibíní i ndiaidh an tsampla den aonad leis an ainmfhocal sa ghinideach faoi réir ag an ainmfhocal sa ghinideach uatha:

- ‘bainistí an chumainn bhanaltrais’²⁰² (‘cumainn bhanaltrais’)²⁰³
‘céim oifigigh bharántais’²⁰⁴ (‘oifigigh bharántais’)²⁰⁵
‘príomh-oifigí an údaráis bhóithre’²⁰⁶ (‘údaráis bhóithre’)²⁰⁷
‘le haghaidh ceadúnais chearrbhachais’²⁰⁸ (‘ceadúnais chearrbhachais’)²⁰⁹
‘scéim liúntais chíosa’²¹⁰ (‘liúntais chíosa’)²¹¹
‘ar scór liúntais chothabhála’²¹² (‘liúntais chothabhála’)²¹³

-
- ²⁰² ‘cialluíonn an abairt “cólucht rialúcháin” an chomhairle ... no an cólucht eile ag a bhfuil ... bainistí ... an chumainn bhanaltrais gur ina thaobh a húsáidtear an abairt’, *the expression “governing body” means the council ... or other body having the ... management of the ... nursing organisation in relation to which the expression is used* (alt 1 d’Acht na nOispidéal Puiblí, 1933).
- ²⁰³ ‘Cuid den bharrachas ionfhálta d’íoc le cumainn bhanaltrais’, *Payment of share of available surplus to nursing organisations* (teideal taoibhe alt 2 sa Acht um Oispidéal Phuiblí Dhéirciúla (Leasú) (Uimh. 2), 1931).
- ²⁰⁴ ‘má bhí ... céim chabhlaigh neamhchoimisiúnta oifigigh bharántais aige sa bhuan-fhórsa láithreach’, *if ... he held in the existing permanent force the non-commissioned naval rank of warrant officer* (alt 296(1)(b)(ii) den Acht Cosanta, 1954).
- ²⁰⁵ ‘Oifigigh bharántais agus oifigigh choimisiúnta is ísle céim ná maor’, *Warrant officers and commissioned officers below the rank of major* (Airteagal 60 sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).
- ²⁰⁶ ‘i bpríomh-oifigí an údaráis bhóithre a rinne í’, *at the chief offices of the road authority by which it was made* (alt 3(2) den Acht Rialtais Áitiúil (Dola-Bhóithre), 1979) – cf. lch 144-5 thuas i dtaca le ‘údaráis’.
- ²⁰⁷ ‘Ordacháin d’údaráis bhóithre’, *Directions to road authorities* (teideal taoibhe alt 67 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008).
- ²⁰⁸ ‘Deimhniú le haghaidh ceadúnais chearrbhachais’, *Certificate for gaming licence* (teideal taoibhe alt 15 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956).
- ²⁰⁹ ‘an dleacht máil a fhorchuirtear ... ar cheadúnais chearrbhachais’, *The duty of excise imposed ... on gaming licences* (alt 47(2) den Acht Airgeadais, 1989).
- ²¹⁰ ‘a bhaineann le híocaíochtaí faoin scéim liúntais chíosa’, *which relates to payments under the rent allowance scheme* (alt 26(2) den Acht Leasa Shóisialaigh, 1989).
- ²¹¹ ‘Liúntais chíosa do thionóntaí’, *Rent allowances for tenants* (teideal taoibhe alt 23 d’Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982).
- ²¹² ‘aon ioncam mar íocaíochtaí ar scór liúntais chothabhála faoi alt 69 den Acht Sláinte, 1970, leis an duine’, *any income arising by way of payments on foot of a maintenance allowance under section 69 of the Health Act, 1970, to the person* (alt 1(4)(e) sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).
- ²¹³ ‘Íocfaidh an Príomh-Bhord le comhalta den Phríomh-Bhord as airgead a bheidh faoina réir aige cibé caiteachais taistil agus liúntais chothabhála a chinneadh an tAire’, *A member of the Central Board shall be paid by the Central Board out of moneys at its disposal such travelling expenses and subsistence allowances as the Minister ... determines* (alt 6 i gCuid 1 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Iascaigh, 1980).

‘faoi údarás barántais chuardaigh’²¹⁴ (‘barántais chuardaigh’)²¹⁵
‘i gcáil údaráis chúnaimh phoiblí’²¹⁶ (‘údaráis chúnaimh phoiblí’)²¹⁷
‘breithniú an ráitis chuntas’²¹⁸ (‘ráitis chuntas’)²¹⁹
‘cuan údaráis chuain’²²⁰ (‘údaráis chuain’)²²¹
‘i láthair an Chléirigh Chúirte Dúiche’²²² (‘cléirigh Chúirte Dúiche’)²²³

-
- ²¹⁴ ‘ag gníomhú faoi údarás barántais chuardaigh faoin alt seo’, *acting under the authority of a search warrant under this section* (alt 29(3) den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939, arna ionadú le halt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976).
- ²¹⁵ ‘an tAcht um Cheartas Coiriúil (Barántais Chuardaigh), 2012’, *the Criminal Justice (Search Warrants) Act 2012* – cf. ‘Éistfear iarratais ar bharántais chuardaigh ar shlí seachas go poiblí’, *Search warrant applications to be heard otherwise than in public* (teideal taoibhe alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Leasú), 2009).
- ²¹⁶ ‘Gach foras ceantair nó íclann cheantair a bhí ... á chothabháil ag comhairle chontae nó bardas contae-bhuirge i gcáil údaráis chúnaimh phoiblí’, *Every district institution or dispensary which ... was maintained by the council of a county or corporation of a county borough as a public assistance authority* (alt 7(1) den Acht Sláinte, 1953).
- ²¹⁷ ‘An caiteachas a thabhóidh bord sláinte ... íocfaidh na húdaráis áitiúla é arbh údaráis chúnaimh phoiblí iad agus arbh i limistéar feidhmiúcháin an bhord sláinte dá limistéir fheidhmiúcháin’, *The expenditure of a health board ... shall be paid by the local authorities which ... were public assistance authorities having their functional areas in the functional area of the health board* (alt 218(3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981) – cf. ‘Airgead a sholáthar d’údaráis chúnaimh phoiblí áirithe’, *Provision of money for certain public assistance authorities* (teideal taoibhe alt 69 den Acht Rialtais Áitiúil, 1955).
- ²¹⁸ ‘breithniú an ráitis chuntas arna dheimhniú ag an iniúchóir’, *consideration of statement of accounts as certified by the auditor* (alt 8(2)(d)(I)(i) d’Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltáí), 1947) – ar an láimh eile, féach an easpa séimhithe in ‘féadfar cruthúnas ar fhiach a thabhairt i bhfoirm ráitis mhionsonraithe cuntais’, *Proof of debt ... may be furnished by way of detailed statement of account* (alt 30(4) den Acht um Chúiteamh d’Infheisteoirí, 1998).
- ²¹⁹ ‘Comórfar gnáth-chruinniú de gach gnóthaire díscailte faoi leith ... chun ráitis chuntas an ghnóthaire sin don tréimhse shonraithe a ghlacadh’, *An ordinary meeting of each dissolved undertaker shall be held ... for the purpose of receiving the statements of accounts of that undertaker for the stated period* (alt 5 sa Seachtú Sceideal a ghabhann leis an Acht Iompair, 1950).
- ²²⁰ *the harbour of a harbour authority* (alt 1 den Acht Imeall Trágha, 1933, arna chur isteach le halt 5(b) den Acht um Imeall Trá agus um Dhumpáil ar Farraige (Leasú), 2009).
- ²²¹ ‘Údaráis Chuain de réir bhrí an Achta Cuanta 1946’, *Harbour Authorities within the meaning of the Harbours Act 1946* (alt 1(2) sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003).
- ²²² ‘tríd an tionónta a theacht ... i láthair an Chléirigh Chúirte Dúiche don cheantar cúirte ina mbeidh an teaghais a bheidh i gceist’, *by the tenant attending ... the District Court Clerk of the court area in which the dwelling concerned is situate* (alt 20(2) den Acht Srianta Cíosa, 1960).
- ²²³ ‘cléirigh Chúirte Dúiche’, *District Court clerks* (teideal taoibhe alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993) – cf. ‘ionadaithe do chléirigh chúirte dúiche’, *deputies for district court clerks* (alt 55(5) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961); féach Caibidil 10 thuas i dtaca leis an ainmfhocal cáilithe sa ghinideach.


‘faoi threoir cleachtais chuntasaíochta’²²⁴ (cleachtais chuntasaíochta)²²⁵
 ‘scríbhinn bhunaidh ... an bharántais ghabhála’²²⁶ (‘barántais ghabhála’)²²⁷
 ‘i gcás breithiúnais mhainneachtana’²²⁸ (‘breithiúnais mhainneachtana’)²²⁹
 ‘i gcás deontais mháithreachais’²³⁰ (‘deontais mháithreachais’)²³¹
 ‘sealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais’²³²
 (‘ceadúnais mheaisín cearrbhachais’)²³³
 ‘chun an ard-údaráis phinsin’²³⁴ (‘na húdaráis phinsin’)²³⁵

agus fé réir an athchomhaire chéanna chun an árd-údaráis phinsin
 agus dá mb'é rud a bheadh i rialú an oifigeigh phinsin féin alt so ná
 tuarascabháil o oifigeach pinsin ar éileamh a cuirfí fé n-a bhráid
 chun tuairiseiú agus fiosrú do dhéanamh ann fé Alt 7 d'Acht 1908.

- ²²⁴ ‘Gan dochar ... d’fhorléiriú aon bairte eile faoi threoir ... prionsabal cuntasaíochta nó cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glactha leo’, *Without prejudice to ... the construction of any other expression by reference ... to accepted accounting principles or practice* (alt 72 sa Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí (Leasú), 1986) – cf. ‘de réir deachleachtais chuntasaíochta’, *in accordance with good accountancy practice* (alt 12(f) sa Séú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí, 1963).
- ²²⁵ ‘ar ráitis iad a bheidh bunaithe ar phrionsabail agus ar chleachtais chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo’, *statements ... which are based on generally accepted accounting principles and practices* (alt 129R(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna chur isteach le halt 6 den Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó), 2006).
- ²²⁶ *the original ... of the warrant of arrest* (alt 25(a) den Acht um Eiseachadadh, 1965).
- ²²⁷ Barántais ghabhála a fhorghníomhú’, *Execution of arrest warrants* (teideal taoibhe alt 23 den Acht um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, 2006).
- ²²⁸ ‘i gcás breithiúnais mhainneachtana’, *in the case of a judgment given in default* (Airteagal 46(2) den Choinbhinsiún sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998) – cf. ‘mar gheall ar é d’fháil breithiúnais mhainneachtana’, *because he obtains judgment by default* (alt 38(12)(a) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961).
- ²²⁹ ‘Beidh feidhm ag forálacha mhír 3 den airteagal seo maidir le breithiúnais tar éis trialach, breithiúnais mhainneachtana agus socraíochtaí a dhaingnítear le hordú ón gcúirt’, *The provisions of paragraph 3 of this article shall apply to judgments after trial, judgments by default and settlements confirmed by an order of the court* (alt 31(4) den Choinbhinsiún sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar, 1990).
- ²³⁰ ‘Is iad na coinníollacha ranníoca i gcás deontais mháithreachais ...’, *The contribution conditions for a maternity grant are ...* (alt 105(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).
- ²³¹ ‘Deontais mháithreachais’, *Maternity grants* (alt 64 den Acht Sláinte, 1970).
- ²³² ‘Ar iarratas ó shealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais’, *On the application of the holder of a gaming machine licence* (alt 43(8) den Acht Airgeadais, 1975).
- ²³³ ‘ceadúnais mheaisín cearrbhachais a dheonú’, *the grant of gaming machine licences* (alt 47(3)(a) den Acht Airgeadais, 1989).
- ²³⁴ ‘fé réir an athchomhaire chéanna chun an árd-údaráis phinsin’, *subject to the like appeal to the central pension authority* (alt 3(3) d’Acht na bPinsean Sean-Aoise, 1924).
- ²³⁵ ‘nach mór don duine na húdaráis phinsin a shásamh’, *the person must satisfy the pension authorities* (alt 159(1)(b) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

‘cuntais údaráis phíolótaíochta’²³⁶ (‘údaráis phíolótaíochta’)²³⁷
‘dúnmharú oifigigh phríosúin’²³⁸ (‘oifigigh phríosúin’)²³⁹
‘i dtaobh oifigigh thréidliachta’²⁴⁰ (‘oifigigh thréidliachta’)²⁴¹

Is í riail díshéimhithe an ainm bhriathartha sa Chaighdeán Oifigiúil is cás leis an staidéar seo ach go háirithe agus, sa chéad chaibidil eile, cuirfear bailiúchán a bheidh níos cuimsithí ná mar a tugadh thuas i láthair as na hAchtanna d’ainmneacha briathartha sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocail fhirinsneacha uatha dar críoch consan caol sa ghinideach – faoi mar a fheicfear sa chaibidil sin, is amhlaidh go bhfaightear neart samplaí den ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail dar críoch consan caol sa ghinideach



uatha sna hAchtanna i gcaitheamh na mblianta, agus, go deimhin, cuid acusan in Achtanna a aistríodh le blianta beaga anuas. Ach, mar shampla scoir na caibidle seo as na hAchtanna, tugtar ar aird sampla as Acht a achtaíodh ó foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe ina sáraítear riail díshéimhithe an Chaighdeáin sin i dtaca le hainmfhocal sa ghinideach atá faoi réir ag ainmfhocal eile sa ghinideach – is amhlaidh go bhfaightear ‘Cúirt Achomhairc Dheiridh’ san Acht um an Tríú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Cúirt Achomhairc), 2013.²⁴² Leasaíodh Airteagal 34.2

-
- ²³⁶ ‘Déanfaidh iniúchóir a cheapfas an tAire cuntais údaráis phíolótaíochta a iniúchadh’, *The accounts of a pilotage authority shall be audited by an auditor appointed by the Minister* (alt 188(1) den Acht Cuanta, 1946).
- ²³⁷ ‘a bhfuil foráil ann le haghaidh údaráis phíolótaíochta do dhéanamh fodhlithe’, *which provides for the making of bye-laws by pilotage authorities* (alt 3 den Acht Píolótaíochta (Leasú), 1962).
- ²³⁸ ‘dúnmharú oifigigh phríosúin ag gníomhú dó i gcúrsa a dhualgais’, *murder of a prison officer acting in the course of his duty* (alt 3(1)(b) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1990).
- ²³⁹ *prison officers* (alt 8(1) d’Acht na bPríosúin, 2007).
- ²⁴⁰ ‘Féadfaidh an tAire ... údarú do tugadh fén alt so i dtaobh oifigigh thréidliaghachta d’údarás sláintíochta áitiúil do cheiliúradh’, *The Minister may ... revoke an authorisation given under this section in respect of a veterinary officer of a local sanitary authority* (alt 60(4) den Acht Muc agus Bagúin, 1935).
- ²⁴¹ ‘Dualgais shamplála bainne a shannadh do chigirí sláinte agus d’oifigigh thréidliachta’, *Assignment of milk sampling duties to health inspectors and veterinary officers* (teideal taoibhe alt 53A den Acht Bainne agus Déirithe, 1935, arna chur isteach le halt 27 den Acht Bainne agus Déirithe (Leasú), 1956).
- ²⁴² ‘Beidh ar na Cúirteanna sin: i Cúirteanna Céadchéime; ii Cúirt Achomhairc; agus iii Cúirt Achomhairc Dheiridh’, *The Courts shall comprise: i Courts of First Instance; ii a Court of Appeal; and iii a Court of Final Appeal* (Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht thuasluaite) – cf. ‘I dtosach feidhme an Achta seo, beidh an Chúirt Achomhairc Dheiridh, dar teideal de bhun Airteagal 34 den Bhunreacht An Chúirt Uachtarach (*The Supreme Court*), arna bunú’, *On the commencement of this Act, the Court of Final Appeal, which in pursuance of Article 34 of the Constitution is to be called An Chúirt Uachtarach (The Supreme Court), shall*

de Bhunreacht na hÉireann de réir an Achta sin, agus coinnítear an séimhiú sa téarma sin a bhí i mbuntéacs 1937.²⁴³ Tabhair do d'aire, chomh maith, gur 'cúirt achomhairc dheiridh' atá ar *court of final appeal* san Ordú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 4), 1949 (Ionstraim Reachtuil Uimh. 68 de 1949) agus, dá réir sin, faoi fho-alt (1) d'alt 3 den Acht Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge, 1945, gur 'cúirt achomhairc dheiridh' is iontamhail sa Ghaeilge do *court of final appeal*.²⁴⁴

Má théimid lasmuigh de réimse na reachtaíochta le críoch a chur lenár gcíoradh anseo ar an nginideach áirithe seo, chonaiceamar sampla tosaigh *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, 'toirtín aráin choirce', i dtús na caibidle – faightear 'bonnóg(a) aráin choirce' agus 'toirtín(i) aráin choirce' araon i scríbhinní Sheáin Mhic Mheanman, mar shampla,²⁴⁵ agus tugtar 'fearann aráin choirce' i bhFoclóir Uí Dhónaill.²⁴⁶ Ach, ar ndóigh, is samplaí aithnidiúla den ghinideach séimhithe seo, sa chaint agus i scríobh na Gaeilge araon, iad 'cruinniú cinn bhliana', 'lá cinn bhliana'²⁴⁷ agus 'oíche chinn bhliana'.²⁴⁸

stand established (alt 1(1) d'Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961).

²⁴³ 'Beidh ar na cúirteannaibh sin Cúirteanna Céadchéime agus Cúirt Athchomhairc Dheiridh', *The Courts shall comprise Courts of First Instance and a Court of Final Appeal* (Airteagal 34.2 de Bhunreacht na hÉireann).

²⁴⁴ Áirítear an téarma seo sna *Téarmaí Dlí*, an bailiúchán a foilsíodh sa bhliain 1959 de na téarmaí as na deich nOrdú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge a rinneadh sna daicheadaí agus sna caogaidí den aois seo caite.

²⁴⁵ Féach, mar shampla, ó Nua-Chorpas na hÉireann: 'Thug an madadh léim anois suas ar an drisiúr agus bhí leis anuas ceann de na ceithre bhonnóga aráin choirce a bhí ansin' (Seán Mac Meanman, *An Dara Mám*, 1991), agus 'Bhéarfaidh siad beannú isteach go tigh an fhir má bhíonn sé ar a ngaobhar go mbristear toirtín aráin choirce ar cheann na mná óige!' (Seán Mac Meanman, *An Tríú Mám*, 1992).

²⁴⁶ Tugtar *section of oatmeal cake* ar 'fearann aráin choirce', s.v. 'fearann'; ar an lámh eile faightear na samplaí seo a leanas den easpa séimhithe san fhoclóir sin: 'culaith fir tíre', *civilian suit*, agus 'in éide fir tíre', *in plain clothes*, 'fear cinn meithle', *leader of working-party*, *pace-maker*, agus 'cior mhullaigh tí', *ridge of roof*.

²⁴⁷ Féach fonóta 57 sa chaibidil dheireanach.

²⁴⁸ Féach fonóta 58 sa chaibidil dheireanach.

An t-ainm briathartha ar lorg ginidigh uatha fhirinscnigh

I gCuid 1 den staidéar seo díródh ar riail díshéimhithe an ainm bhriathartha, sa Chaighdeán Athbheithnithe, agus an t-ainm briathartha sin faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha i gcás gurb ionann foirm don ainm briathartha agus don aidiacht bhriathartha. Díródh sa chaibidil tosaigh den Chuid seo den staidéar ar riail díshéimhithe an ainm bhriathartha sa Chaighdeán sin agus an t-ainm briathartha faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol, arís i gcás gurb ionann foirm don ainm briathartha agus don aidiacht bhriathartha. Agus chonaiceamar sa chaibidil dheireanach go rialaítear sa Chaighdeán Athbheithnithe, chomh maith, nach séimhítear ainmfhocal ‘i ndiaidh ainmfhocal firinsneach uatha a chríochnaíonn ar chonsan caol sa ghinideach’, rud a fhágann an t-ainm briathartha sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol sa ghinideach a bheith le díshéimhiú, cuma é a bheith ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha nó gan a bheith ar aon fhoirm léi. Tagann an riail sin salach ar an dara sampla den séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh dar críoch consal caol sa ghinideach a thugtar san eagrán de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* a d’fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1999, mar atá, ‘sárú gealltanais phósta’¹ – ar sampla é sin a fhaightear in Acht amháin ón mbliain 1981, cé go bhfaightear leagan díshéimhithe de in Acht eile ón mbliain sin, mar a chonaiceamar i dtús na caibidle deireanaí. Díritear go sonrach sa chaibidil seo ar an ainm briathartha sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol sa ghinideach in Achtanna den Oireachtas ach go háirithe, féachaint cé chomh mór is a thagann nó nach dtagann riail nua an Chaighdeán Athbheithnithe lena bhfaightear sna hAchtanna i gcaitheamh na mblianta.

Tosóimid le hAchtanna a aistríodh le blianta beaga anuas. Ar láimh amháin, faighimid ‘cóireáil othair chónaithe’ in Acht amháin ón mbliain 2010,² agus, ar an láimh eile, faighimid ‘soláthar an ghairis glactha raidióchraolacháin’ in Acht

¹ Féach alt 4.14 (lch 30): ‘Séimhítear tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile ... nuair a chaolaítear san uatha consan deiridh an chéad ainmfhocail trí infhillleadh: *toirtín aráin choirce; sárú gealltanais phósta*’ – ní bhfaightear an riail sin san eagrán de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* a d’fhoilsigh M. H. Mac an Ghoill agus a Mhac, tta, sa bhliain 1960 (féach Foscríbhinní 3 agus 2 leis seo thíos, faoi seach).

² ‘go mb’fhéidir gur gá cúram nó cóireáil othair chónaithe a thabhairt don duine’, *the person may be in need of in-patient care or treatment* (alt 13B(2)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna chur isteach le halt 8 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010) – dealraíonn sé, ón suíomh www.achtanna.ie, nach bhfuil ‘cóireáil othair chónaithe’ le fáil in aon Acht roimh Acht sin 2010 agus, mar sin, ní hamhlaidh go rabhthas ag cloí lena raibh i sean-Acht.

eile ón mbliain chéanna sin,³ murab ionann agus ‘i leith an ghairis ghlaclachta radio-chraolacháin’, a fhaightear in Acht ón mbliain 1972.⁴ In Achtanna ón mbliain 2009, faighimid ‘úinéireacht aonaid chónaithe’⁵ ar láimh amháin agus ‘bainistiú a stoic chónaithe fhoriomláin’⁶ agus ‘seirbhísí cúraim chónaithe fhadtéarma’⁷ ar an láimh eile. I gcomórtas leis an dshéimhiú a fhaighimid in Acht ón mbliain 2008 in ‘comhtháthú an trealaimh ticéadaithe chomhtháite’,⁸ faighimid séimhiú in ‘ar dheisiú áitribh chónaithe cíosa’⁹ agus ‘lampa cúil ualaigh shínte’,¹⁰ in Achtanna ó na blianta 2006 agus 2002, faoi seach.

Ag díriú dúinn ar na hAchtanna trí chéile, má thógaimid ‘pósadh’, mar shampla – an t-ainm briathartha a chonaiceamar thuas sa sampla sin as *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* – in Achtanna éagsúla faighimid, i dteannta ‘sárú gealltanais

-
- ³ ‘na sonraí faoin méid cánach is inmhuirearaithe ag an duine cuntasach i leith an duine cuntasach do sholáthar an ghairis glaclachta raidióchraolacháin’, *the particulars of the amount of tax chargeable by the accountable person in respect of the supply by the accountable person of the radio broadcasting reception apparatus* (alt 73(1)(c) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010).
- ⁴ ‘na sonraí a thabhairt i scríbhinn don duine eile sin ar mhéid na cánach is inmhuirir ar an duine cuntasach i leith an ghairis ghlaclachta radio-chraolacháin’, *give to that other person in writing the particulars of the amount of tax chargeable to the accountable person in respect of the delivery by him of the radio broadcasting reception apparatus* (alt 17(12)(a) (iii) den Acht Cánach Breisluacha, 1972) – féach lch 75 ar lean., den staidéar, i gcomhair tuilleadh samplaí den ghinideach séimhithe de ‘glacadh’.
- ⁵ ‘mar gheall ar úinéireacht aonaid chónaithe’, *by reason of ownership of a residential unit* (alt 2(4) den Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2009).
- ⁶ ‘bainistiú a stoic chónaithe fhoriomláin de réir na gcuspóirí beartais a bheidh leagtha amach ina phlean seirbhísí tithíochta’, *management of its overall dwelling stock in accordance with the policy objectives set out in its housing services plan* (alt 51(2)(a) d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009).
- ⁷ ‘Déanfar na táillí ... a chinneadh de réir an mheánchostais a bhaineann le seirbhísí cúraim chónaithe fhadtéarma arna gcinneadh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i saoráidí a oibríonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte’, *The charges ... shall be determined by the average cost of long-term residential care services as determined by the Health Service Executive in facilities operated by the Health Service Executive* (alt 53A(3) den Acht Sláinte, 1970, arna chur isteach le halt 34(3) den Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009) – ní hamhlaidh, ach oiread, go bhfaightear an abairt sin in Acht sin 1970.
- ⁸ ‘cúiteoidh an tÚdarás leis an oibritheoir iompair phoiblí cibé costais bhreise i ndáil le suiteáil agus comhtháthú an trealaimh ticéadaithe chomhtháite a mheasfaidh an tÚdarás is réasúnach’, *it shall reimburse the public transport operator such additional costs in relation to the installation and integration of the integrated ticketing equipment as is deemed reasonable by the Authority* (alt 58(8) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 – cf., m.sh., alt 39(5) agus (6) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999).
- ⁹ *in the ... repair of a rented residential premises* (alt 97(21)(a) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 11(1)(a) den Acht Airgeadais, 2006).
- ¹⁰ ‘Feithicil a úsáid nach bhfuil an lampa cúil ualaigh shínte nó an lampa cliathánach ualaigh shínte is gá ina trealamh aici’, *Using vehicle not equipped with required rear projecting load lamp or lateral projecting load lamp* (Uimh. Thag. 3 i gCuid 3 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002).

phósta’,¹¹ ‘maoin-chearta de bhua cóngais phósta’,¹² ‘méid deontais phósta’,¹³ ‘ag fáil liúntais phósta’,¹⁴ ‘de thoradh an tsearmanais phósta’,¹⁵ ‘díothú an tsochair phósta’¹⁶ agus ‘faoi threoir a stádais phósta’.¹⁷ Ar shamplaí eile as Acht-anna i gcaitheamh na mblianta (roimh agus i ndiaidh 1958) d’ainmneacha briathartha eile arna séimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha sa ghinideach tá:

‘i dtaobh gairis bhraite’,¹⁸ ‘úinéir muilinn bhuaile’,¹⁹
‘d’éagmais coinníll chaomhanta’,²⁰ ‘chun cuntais choigeartaithe’,²¹

-
- ¹¹ *breach of promise of marriage* (alt 17(1) d’Acht na gCúirteanna, 1981); féach ‘geallamhain phósta’ in T. O’Neill Lane, *Larger English-Irish Dictionary* (BÁC 1921), s.v. *marriage promise*, mar shampla den séimhiú ar an nginideach uatha de ‘pósadh’ ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha.
- ¹² *rights in property arising out of a matrimonial relationship* (Airteagal 1 den Choinbhinsiún sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998).
- ¹³ ‘is mar atá leagtha amach i gCuid II ... a bheas méid deontais phósta nó deontais mháithreachais’, *the amount of a marriage grant or a maternity grant shall be as set out in Part II* (alt 14(3)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh, 1952).
- ¹⁴ ‘a bhí ag fáil liúntais phósta mar sháighdiúir pósta’, *who ... was ... in receipt of marriage allowance as a married soldier* (alt 7(1)(e) den Acht Arm-Phinsean, 1962, arna ionadú le halt 12(1)(a) den Acht Arm-Phinsean, 1968).
- ¹⁵ ‘go raibh pósadh bailí ann de thoradh an tsearmanais phósta lena mbaineann an mhír sin’, *that the ceremony of marriage to which that paragraph relates resulted in a valid marriage* (alt 2(3)(b) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, arna ionadú le halt 9 den Acht um Stádas Leanaí, 1987).
- ¹⁶ *abolition of marriage benefit* (teideal taobhe alt 18 den Acht Leasa Shóisialaigh, 1973).
- ¹⁷ ‘faoi threoir a stádais phósta nó teaghlaigh’, *by reference to his marital or family status* (alt 67(3)(b) d’Acht na bPinsean, 1990).
- ¹⁸ ‘déanamh, ... úsáid agus ní ar bith eile i dtaobh lampaí sábhála, gairis soilsíucháin agus gairis bhraite lena n-úsáid i mianach’, *the construction, ... use and any other matter with respect to safety lamps, lighting apparatus and detection apparatus for use in a mine* (alt 64(1)(a) den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965) – cuireadh ‘gairis’ sa sliocht sin san áireamh go coinníollach níos luaithe sa staidéar mar fhoirm iolra (féach fonóta 23 i gCaibidil 6), ar aon dul le ‘lampaí’, ach glactar leis go díreach anseo mar ghinideach uatha.
- ¹⁹ ‘únaer muilinn bhuaile do ghlanadh síolta do fuarthas tré bhualadh sa mhuilleann’, *the cleaning, by the owner of a threshing mill, of seeds obtained by threshing in such mill* (alt 6(5)(a) den Acht Síolta Talmhaíochta, 1936).
- ²⁰ ‘I gcás ... aon choinníollacha athphlandála, i dteannta nó d’éagmais coinníll chaomhanta nó coinníollacha caomhanta, a bheith ag gabháil le ceadúnas leagain teoranta’, *Where ... any replanting conditions, whether with or without a preservation condition or preservation conditions, are attached to a limited felling licence* (alt 41(5) den Acht Foraoiseachta, 1946) – is ‘caomhnaithe’ atá mar fhoirm chaighdeánach ainm briathartha agus aidiacht bhriathartha ‘caomhnaigh’ in FGB.
- ²¹ ‘aistreoidh Coimisiún na Talmhan na bannaí talmhan iomarcacha san ... chun cuntais choigeartuithe i leabhair Choimisiún na Talmhan’, *the Land Commission shall transfer*

‘iomlán an chláir chomhardaithe’,²² ‘ar agra an údaráis chomórtha’,²³
‘i leith áitribh chónaithe’,²⁴ ‘taitneamhachtaí limistéir chónaithe’,²⁵
‘achar iomlán aon urláir chónaithe dhá sheomra’,²⁶
‘soláthar éadaigh chosanta’,²⁷ ‘chun trealaimh áirithe chosanta
do longa’,²⁸ ‘liúntais i leith caiteachais chothaithe’,²⁹
‘íoc liúntais chothaithe’,³⁰ ‘táillí ceadúnais chraolta’,³¹

such excess land bonds ... to an adjustment account in the books of the Land Commission (alt 11(2)(a) den Acht Talmhan, 1936).

- ²² ‘nach mó ná £1,500,000 iomlán an chláir chomhardaithe atá ag an gcuideachta’, *that ... the balance sheet total of the company does not exceed £1,500,000* (alt 32(3)(a)(iii) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999) – le sampla a thabhairt as Acht na gCuideachtaí, 1963, féach ‘Más rud é, i gcás aon chláir chomhardaithe den sórt a dúradh ...’, *If any such balance sheet as aforesaid ...* (alt 128(2)).
- ²³ ‘measfar an cion a bheith á inchúiseamh ar agra an údaráis chomórtha’, *the offence shall be taken to be prosecuted at the suit of the convening authority* (alt 188 den Acht Cosanta, 1954).
- ²⁴ ‘go ndearna sé íocaíocht i gcuntas cíosa i leith áitribh chónaithe’, *he has made a payment on account of rent in respect of residential premises* (alt 142A(2)(a)(ii) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, arna chur isteach le halt 5(1) den Acht Airgeadais, 1982).
- ²⁵ ‘gur dóigh don ionradh sábháilteacht cuain, foirgnimh nó taitneamhachtaí limistéir chónaithe ... a bhaolú’, *that the encroachment is liable to endanger the safety of a harbour, the buildings or amenities of a residential area* (alt 2(3)(c) den Acht um Chaomhnú an Chósta, 1963).
- ²⁶ ‘ní líú ná 400 troigh cheárnach a bheidh achar iomlán aon urláir chomhnaithe dhá sheomra sa tigh’, *the total area of any ... two-roomed flat in the house ... shall not be less than 400 square feet* (alt 3(1)(c) d’Acht na dTithe (Saoráidí Tógála), 1924).
- ²⁷ *the supply of protective clothing* (alt 23(2)(d) den Acht um Áitribh Oifige, 1958).
- ²⁸ ‘chun Trealaimh áirithe Chosanta do Longa’, *for certain Protective Equipment for Ships* (Vóta Uimh. 51 i gCuid I den Tábla i Sceideal B a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1959); tharla go dtugtar an ginideach de ‘cosaint’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe mar eiseamláir de dhíshéimhiú an ghinidigh den ainm briathartha níor mhiste, i dteannta an dá shampla sin thuas, an sampla seo a leanas den séimhiú ar ‘cosaint’ sa ghinideach uatha i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a thabhairt anseo: ‘Ní bheidh éifeacht ag an deimhniúchán ach laistigh de theorainneacha infhorghníomhaitheachta an bhirt chosanta’, *The certificate shall take effect only within the limits of the enforceability of the protection measure* (Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta).
- ²⁹ ‘Íocfar le comhalta den Bhord ... liúntais i leith caiteachais taistil agus chothaithe arna dtabhú maidir leis an gcomhalta d’fhreastal ar chruinniú den Bhord’, *A member of the Board ... shall be paid ... allowances for travelling and subsistence expenses incurred in respect of the member’s attendance at a meeting of the Board* (alt 25 d’Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011).
- ³⁰ ‘in aisíoc costaisí taistil agus in íoc liúntais chothuithe’, *in respect of repayment of travelling expenses and payment of subsistence allowance* (alt 3(4) den Acht Tobac, 1934).
- ³¹ ‘iomlán fáltas na bliana sin i leith táillí ceadúnais chraolta’, *the total of the receipts in that year in respect of broadcasting licence fees* (alt 8(a) den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976).

‘méid aon liúntais chaithimh agus chuimilte’,³² ‘focail an chlásail fhianaithe’,³³ ‘coimeád an pháipéir fhianaithe bhunaidh’,³⁴ ‘liúntas i leith caiteachais fhorbartha’,³⁵ ‘ag cur an chirt fhuascailte faoi réir ...’,³⁶ ‘in aghaidh an phraghais fhuascailte’,³⁷ ‘chun an ghléis ghlactha’,³⁸ ‘alos aon ábhair mhilsithe eile’,³⁹ ‘chun an chirt shlánaithe’,⁴⁰

- ³² ‘méid aon liúntais chaithimh agus chuimilte a thabharfar dó i leith an innealra ... a bheidh i gceist’, *the amount of any wear and tear allowance made to him in respect of the machinery ... in question* (alt 272(4)(b) den Acht Cánach Ioncaim, 1967).
- ³³ ‘go bhfuil an síniú curtha i measc focail chlásal an *testimonium* nó an chlásail fhianaithe ... nó go bhfuil sé i ndiaidh ... an chlásail fhianaithe’, *that the signature is placed among the words of the testimonium clause or of the clause of attestation, or ... is after ... the clause of attestation* (alt 78(4)(c) den Acht Comharbais, 1965); cf. Caibidil 16 thíos, mar a bpléitear an t-ainm briathartha dar tús ‘f’, i dtaca leis an ngingideach de ‘fianú’ agus i dtaca leis na chéad samplaí eile le hainmneacha briathartha dar tús ‘f’ a thugtar thuas.
- ³⁴ ‘féadfar liostáil duine sna Buan-Óglaigh ... a chruthú trí fhinné faoi mhionn do thabhairt cóipe de pháipéar fianuithe an duine sin ar aird a airbheartós a bheidh deimhnithe mar chóip dhílis ag an oifigeach ag a mbeidh coimeád an pháipéir fhianuithe bhunaidh sin’, *the enlistment of a person in the Permanent Defence Force ... may be proved by the production, by a witness on oath, of a copy of such person’s attestation paper purporting to be certified to be a true copy by the officer having the custody of such original attestation paper* (alt 248(c) den Acht Cosanta, 1954) – cf. ‘An éifeacht a bheas le síniú an dearbhuithe is gá do réir an pháipéir fhianuithe’, *Effect of signing declaration required by attestation paper* (teideal taoibhe alt 59 den Acht céanna sin).
- ³⁵ ‘Liúntas i leith caiteachais fhorbartha agus caiteachais taiscealaíochta’, *Allowance in respect of development expenditure and exploration expenditure* (teideal taoibhe alt 2 den Acht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974).
- ³⁶ ‘ag cur an chirt fhuascailte sin freisin faoi réir aisíoc na hiasachta’, *making the said right of redemption subject also to the repayment of the loan* (alt 8(2)(d) d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979).
- ³⁷ ‘beidh an méid de gach íocaíocht den tsórt sin ... a bheas de bhreis ar na riaráistí comhdhlúite ... inaisghabhála mar éileamh in aghaidh an phraghais fhuascailte’, *the amount of every such payment ... in excess of the compounded arrears shall be recoverable as a claim against the redemption price* (alt 19(5)(b) den Acht Talún, 1950) – cf. ‘aon scair i bpraghas fuascailte no in iarsma phraghais fhuascailte leasa uachtaraigh’, *any share in the redemption price or in the residue of the redemption price of a superior interest* (alt 52 den Acht Talmhan, 1933).
- ³⁸ ‘aon ghléas a oibriú trína bhforleatar na comharthaí ... chun an ghléis ghlactha’, *the operation of any apparatus whereby the signals are transmitted ... to the receiving apparatus* (alt 2(5)(a) den Acht Cóipchirt, 1963).
- ³⁹ ‘Aon earra ... ní bheidh sí ionchurtha freisin fé dhiúité alos aon tsiúicre ná aon abhair mhilsithe eile bheidh san earra’, *Any article ... shall not also be chargeable with duty in respect of any sugar or other sweetening matter contained in the article* (uimh. thag. 13 sa Tábla sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid, 1936).
- ⁴⁰ ‘féadfaidh an Coimisinéir Breithiúntais ... an socrú san do dhéanamh, i bhfuirm muirir ar an bpaiste talmhan san no ar shlí eile, a chífear dó do bheith cothrom chun an chirt shlánuithe sin do bhuan-choimeád’, *the Judicial Commissioner ... may make such provision, by way of a charge on such parcel of land or otherwise, as appears to him to be equitable for the preservation of the said right of indemnity* (alt 48(a) den Acht Talmhan, 1939).

‘bailíocht an leabhair thagartha iomchuí’,⁴¹ ‘i dteannta an cheantair tháirgthe’⁴² agus ‘úsáid bháid tharraingthe’.⁴³

Agus faightear na samplaí seo a leanas sna hAchtanna den ghinideach séimhithe den ainm briathartha agus cuspóir á leanúint:

‘feidhmiú aon chirt chalaithé éisc’,⁴⁴ ‘orduithe oifigigh chaomhanta iascaigh mhara’,⁴⁵ ‘chun costais dhéanta an ní sin’,⁴⁶ ‘chun íoctha costais dhéanta na nithe sin’,⁴⁷ ‘i láthair oifigigh dhéanta fiosrúcháin áitiúla’,⁴⁸ ‘liomatáiste údaráis dhéanta scéime’,⁴⁹ ‘méid an liúntais fhorbartha mhianaigh’⁵⁰ agus

⁴¹ *the validity of the relevant book of reference* (alt 10(4) sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Gáis, 1976).

⁴² ‘cialluíonn an abairt “an ceantar díola có-nasctha” ... nuair a húsáidtear í maidir le ceantar táirgthe, an ceantar díola dheineann, i dteanta an cheanntair tháirgthe sin, có-cheanntar’, *the expression “the associated sale district” means ... when used in relation to a production district, the sale district which, with such production district, forms a joint district* (alt 6(4) d’Acht an Bhainne (Soláthar agus Praghas do Rialáil), 1936).

⁴³ ‘Custuiam as úsáid bháid tharraingthe’, *Tolls for use of tug boat* (teideal taoibhe alt 44 d’Acht Chuan agus Phort Dhún Dealgan, 1925).

⁴⁴ ‘ag cur teorann ... le feidhmiú aon chirt iascaireachta no chaluithé éisc’, *limiting ... the exercise of any ... right of fishing or landing fish* (alt 45(1) den Acht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936).

⁴⁵ ‘duine bheidh ag gníomhú fé orduithe oifigigh chaomhanta iascaigh mhara’, *a person acting under the orders of a sea fisheries protection officer* (alt 21(4) den Acht um Iascach Míolta Móra, 1937).

⁴⁶ ‘airgead d’íoc leis an údarás áitiúil sin chun nó mar chabhair chun costais dhéanta an ní sin ag an údarás áitiúil sin’, *to make to such local authority payment for or towards the cost of the doing of such thing by such local authority* (alt 33(3) den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1945).

⁴⁷ ‘airgead a íoc leis an údarás áitiúil sin chun nó mar chabhair chun íoctha costais dhéanta na nithe sin ag an údarás áitiúil sin’, *to make to such local authority payment for or towards the cost of the doing of such things by such local authority* (alt 23(3) den Acht Forbartha Móna, 1946).

⁴⁸ ‘Le linn fínné do bheith i láthair oifigigh dhéanta fhiosrúcháin áitiúla beidh sé i dteideal na saoirsí ... céanna do bheadh aige dá mba fhínné i láthair na hArd-Chúirte é’, *A witness before an officer holding a local inquiry shall be entitled to the same immunities ... as if he were a witness before the High Court* (alt 25(4) den Acht Talmhaíochta, 1931).

⁴⁹ ‘Beidh sé de dhualgas ar gach údarás áitiúil gur laistigh de líomatáiste feidhmiúcháin údaráis áitiúil dhéanta scéime a bheidh a líomatáiste feidhmiúcháin ...’, *It shall be the duty of every local authority, whose functional area is situate wholly or partly within the functional area of a scheme-making local authority ...* (alt 14 den Acht um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939).

⁵⁰ ‘féadfaidh an duine a roghnú go ndéanfaí méid an liúntais fhorbartha mhianaigh don bhliain mheasúnachta 1974-75 i leith an chaiteachais sin a mhéadú’, *the person may elect to have the amount of mine development allowance for the year of assessment 1974-75 in respect of that expenditure increased* (alt 2(2) den Acht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974).

‘i leith an ghairis ghlaetha raidió-chraolacháin’.⁵¹

Ginideach Uatha agus Ainmneach Iolra araon

Arís, ar aon dul lena bhfacamar thuas i gcás an ghnáth-ainmfhocail, faightear samplaí san Acht céanna d’ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile sa ghinideach agus den ainm briathartha céanna arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail iolra. San Acht ón mbliain 1999 ónar tugadh ‘iomlán an chláir chomhardaithe’⁵² faightear ‘i gláir chomhardaithe’,⁵³ chomh maith, agus, san Acht céanna ón mbliain 1967 ina bhfaightear ‘méid aon liúntais chaithimh agus chuimilte’ a tugadh thuas, faightear ‘aon liúntais chaithimh agus chuimilte’.⁵⁴ Le sampla a thabhairt as Acht ón tréimhse sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil, féach ‘i leith gach ceadúnais bhuidéaluithe’⁵⁵ agus ‘ceadúnais bhuidéaluithe’⁵⁶ san Acht Bainne agus Déirithe (Leasú), 1956. Ar an láimh eile, áfach, ní thagann ‘úinéireacht aonaid cónaithe’⁵⁷ in Acht ón mbliain 2011 le ‘aonaid chónaithe’⁵⁸ a fhaightear san Acht céanna sin, mar shampla.

⁵¹ Féach fonóta 4 thuas.

⁵² Féach fonóta 22 thuas.

⁵³ ‘Ráitis bhréagacha i dtuairisceáin, i gláir chomhardaithe’, *False statements in returns, balance sheets* (teideal taoibhe alt 37 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999) – cf. ‘Oibleagáid ar chuideachta cóipeanna de chláir chomhardaithe ... a chur chuig comhaltaí’, *Obligation of company to send copies of balance sheets* (teideal taoibhe alt 159 d’Acht na gCuideachtaí, 1963), agus ‘Síniú an chláir chomhardaithe’, *Signing of balance sheet* (teideal taoibhe alt 156 den Acht sin).

⁵⁴ ‘aon liúntais chaithimh agus chuimilte a tugadh ... dó i leith an innealra nó an ghléasra’, *any wear and tear allowances made ... to him in respect of the machinery or plant* (alt 274(b) den Acht Cánach Ioncaim, 1967) – le sampla a thabhairt as Acht eile anseo, féach ‘na liúntais chaithimh agus chuimilte do na tréimhsí inmhuirearaithe sin’, *the ... wear and tear allowances for those chargeable periods* (alt 33(5)(c) den Acht Airgeadais, 1976); má dhéantar samplaí eile thuas den ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ginidigh uatha dar críoch consan caol a chur i gcomórtas le samplaí a tugadh roimhe sin thuas den ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail iolra dar críoch consan caol, gheofar tuilleadh samplaí d’abairtí combhionanna as na hAchtanna.

⁵⁵ ‘Íocfaidh an t-iarratasóir an táille ordaithe i leith gach ceadúnais bhuidéaluithe ainme ginearálta leis an údarás sláintíochta d’eisigh an ceadúnas sin’, *There shall be paid by the applicant in respect of every general designation bottling licence to the sanitary authority by whom such licence was issued the prescribed fee* (alt 7(1) den Acht Bainne agus Déirithe (Leasú), 1956) – díritear i gCaibidil 5 ar an ‘-u-’ i bhfoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha sna hAchtanna ón tréimhse sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil.

⁵⁶ ‘Táillí ar cheadúnais bhuidéaluithe ainme ginearálta’, *Fees on general designation bottling licences* (teideal taoibhe alt 7 den Acht thuasluaite) – cf. teideal taoibhe alt 6: ‘Ceadúnais bhuidéaluithe ainme ginearálta’, *General designation bottling licences*.

⁵⁷ ‘mar gheall ar úinéireacht aonaid cónaithe’, *by reason of ownership of a residential unit* (alt 2(4) den Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011).

⁵⁸ ‘I gcás ... gur aonaid chónaithe iad na haonaid go léir i bhforbairt ilaonad’, *Where ... all the units in a multi-unit development are residential units* (alt 2(2) den Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011).

Agus, ag filleadh dúinn ar an téarma ‘sárú gealltanais phósta’, ar tugadh sampla de as Acht na gCúirteanna, 1981,⁵⁹ i dtús na caibidle deireanaí, chun sampla a thabhairt den séimhiú san aonad ainmfhoclach céanna in Acht eile ach an ginideach a bheith faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra, féach ‘Gan gealltanais phósta a bheith inchurtha i bhfeidhm leis an dlí’ mar theideal taoibhe alt 2 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1981, mar a chonaiceamar sa chaibidil dheireanach, chomh maith.⁶⁰

Séimhiú ar ghinideach an ainm bhriathartha i gcásanna eile

Is amhlaidh, chomh maith, go bhfaightear samplaí sna hAchtanna den ainm briathartha faoi shéimhiú sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocail nach ainmfhocail fhirinsneacha dar críoch consan caol ná ainmfhocail bhaininsneacha uatha iad. Tugtar roinnt samplaí den sórt sin anseo thíos mar léiriú breise ar ainmneacha briathartha arna séimhiú sa ghinideach – i gcásanna áirithe, chomh maith, is ainmneacha briathartha iad nach bhfuil samplaí díobh feicthe againn go dtí seo sa staidéar. Cé go mbaineann formhór na samplaí leis an tréimhse sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil, faightear roinnt díobh in Achtanna a ritheadh i ndiaidh na bliana 1958, chomh maith. Glacaim leis, i gcás na samplaí is déanaí thíos, gur measadh gur aidiachtaí briathartha seachas ainmneacha briathartha a bhí iontu, ach i gcás samplaí as Achtanna níos sine is léir gur measadh go dtuigfí gur ginideach de na hainmneacha briathartha arna séimhiú a bhí iontu agus nach raibh aon bhaol ann go measfaí le haidiachtaí briathartha iad.

Faightear ‘luas ruda ghluaiste’⁶¹ in Acht ón mbliain 2004, mar shampla, ‘tar éis an lae bhunaithe’⁶² in Acht ón mbliain 2000 agus ‘i leith an tí chónaithe’⁶³ in Acht ón mbliain 1990. Faightear ‘i bhforghníomhú an ordaithe fhorghníomhaithe’⁶⁴

⁵⁹ ‘In aon chaingean maidir le tort nó le sárú gealltanais phósta a tosaíodh agus a éisteadh san Ard-Chúirt’, *In any action of tort or of breach of promise of marriage commenced and heard in the High Court* (alt 17(1) d’Acht na gCúirteanna, 1981).

⁶⁰ Féach an abairt lena ngabhann an tagairt d’fhonóta 150 ar lch 271.

⁶¹ ‘ciallaíonn ‘gunna radair’ gléas ... a fhéadfar a úsáid chun luas ruda ghluaiste (ar nós mótarfheithicle) a thomhas trí chomhartha ón ngléas a dhíriú ar an rud’, ‘*radar gun*’ means an apparatus which ... can be used to measure the speed of a moving object (such as a motor vehicle) by directing a signal from the apparatus at the object (alt 21(6) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002, arna chur isteach le halt 15(d) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004).

⁶² ‘A luaithe is indéanta tar éis an lae bhunaithe’, *As soon as practicable after the establishment day* (alt 8(1) den Acht um Chomhairle, 2000).

⁶³ ‘an chomaoin chomhiomlán a íocadh ... i leith an tí chónaithe nó an árasáin’, *the aggregate consideration paid ... in respect of the dwellinghouse or apartment* (alt 112(3)(b) den Acht Airgeadais, 1990).

⁶⁴ ‘measfar an íocaíocht ... a bheith tobhaithe, i bhforghníomhú an ordaithe fhorghníomhaithe nó an deimhnithe, ag an sirriam’, *the payment ... shall be deemed to have been levied, in the execution of the execution order or certificate, by the sheriff* (alt 71(2)(a)(II) den Acht

agus ‘de réir fógra fhorfheidhmithe’⁶⁵ in Achtanna ón mbliain 1988. In Acht ón mbliain 1983 agus in Achtanna ón mbliain 1981, faoi seach, faightear ‘forálacha an phlean fhorbartha’,⁶⁶ ‘dáta an ordaithe bhreithnithe’⁶⁷ agus ‘foirm an ordaithe ghlactha’.⁶⁸ Tugtar tuilleadh samplaí, in ord cróineolaíoch, as Achtanna ón mbliain 1971 siar go dtí an bhliain 1925 sa liosta seo a leanas:

‘tosach feidhme an ordaithe fhoirceannta’,⁶⁹ ‘le hAire dhéanta an ordaithe’,⁷⁰ ‘gnáthchúrsa gnó dheonta blianachtaí’,⁷¹ ‘costas an ordaithe fhorghníomhaithe’,⁷² ‘fáil aon fhógra shéanta’,⁷³ ‘forálacha an phlean fhorbartha’,⁷⁴ ‘de réir an ráta mhalartaithe’,⁷⁵

Airgeadais, 1988).

- ⁶⁵ *in accordance with an enforcement notice* (alt 4(c)(ii) den Acht um Chosaint Sonraí, 1988).
- ⁶⁶ ‘beidh aird aige ar fhorálacha an phlean fhorbartha’, *regard being had to the provisions of the development plan* (alt 19(2) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1983).
- ⁶⁷ ‘i gcaitheamh an dá mhí dhéag roimh dháta an ordaithe bhreithnithe’, *during the twelve months before the date of the order of adjudication* (alt 26(3) den Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta don Aos Óg, 1981) – cf. alt 120(3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981; faightear fasach don ghinideach séimhithe sin sna hAchtanna ón tréimhse roimh 1958.
- ⁶⁸ ‘Foirm an ordaithe ghlactha’, *Form of reception order* (teideal taoibhe alt 24 den Acht Sláinte (Seirbhísí Meabhairghalar), 1981).
- ⁶⁹ ‘in imeacht an dá mhí dhéag roimh an dáta a tosaíodh ar an bhfoirceannadh nó roimh thosach feidhme an ordaithe fhoirceannta’, *during the twelve months before the commencement of the winding up or the winding-up order* (alt 11(1) den Acht um Ranniocáí Sláinte, 1971).
- ⁷⁰ ‘Aon ordú faoin alt seo ... féadfaidh sé cibé forálacha iarmartacha ... a bheith ann is oiriúnach le hAire dhéanta an ordaithe’, *An order under this section ... may include such consequential ... provisions as the Minister making the order thinks fit* (alt 10(2) den Acht um Airgead Reatha Deachúil, 1970).
- ⁷¹ ‘ciallaíonn “blianacht saoil cheannaithe” blianacht saoil arna deonú ... i ngnáthchúrsa gnó dheonta blianachtaí ar shaol daoine’, *“purchased life annuity” means a life annuity granted ... in the ordinary course of a business of granting annuities on human life* (alt 48(2) den Acht Airgeadais, 1970).
- ⁷² ‘is suim £1 10s. 0d. an tsuim is inghnóthaithe i leith costas an ordaithe fhorghníomhaithe’, *the sum recoverable for the costs of the execution order shall be the sum of £1 10s. 0d.* (alt 490(2)(a) den Acht Cánach Ioncaim, 1967).
- ⁷³ ‘fáil aon fhógra shéanta a fuarthas’, *the receipt of any notification of denunciation* (Airteagal XVIII den Choinbhinsiún sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1965).
- ⁷⁴ ‘tagairtí d’fhorálacha an phlean fhorbartha’, *references to the provisions of the development plan* (alt 2(7)(a) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963).
- ⁷⁵ ‘Aon suim i bhfrancanna ... déanfar ... é a chomhshó in airgeadra an Stáit de réir an ráta mhalartaithe a bheidh ann an dáta a chinneadh an Chúirt méid aon damáistí a bheidh le n-íoc ag an iompróir’, *Any sum in francs ... shall ... be converted into the currency of the State at the rate of exchange prevailing on the date on which the amount of any damages*

‘gnáthchúrsa gnó dheonaithe bhlianachtaí’,⁷⁶ ‘i bhfarradh an orduithe dhílsithe’,⁷⁷ ‘de bhua an Achta Chosanta’,⁷⁸ ‘de bhun conartha fhostuithe’,⁷⁹ ‘brí an Achta Fhorbairte Minearál’,⁸⁰ ‘i gcoinne orduithe dhaingnithe’,⁸¹ ‘chun críocha ciste fheabhsuithe’,⁸² ‘ag iarraidh moladh ghlactha’,⁸³ ‘ó dháta dhéanta an ordaithe’,⁸⁴ ‘tar éis lae dhéanta an orduithe’,⁸⁵ ‘dáta orduithe dhéanta an cheiliúrtha’,⁸⁶

to be paid by the carrier is ascertained by the Court (alt 7(3) den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1959).

- ⁷⁶ ‘ciallaíonn “blianacht saoil cheannaithe” blianacht saoil a deonaíodh ... i ngnáthchúrsa gnó dheonaithe bhlianachtaí ar shaol daoine’, “*purchased life annuity*” means a life annuity granted ... in the ordinary course of a business of granting annuities on human life (alt 239(7) den Acht Cánach Ioncaim, 1967 – cf. alt 22(7) den Acht Airgeadais, 1959).
- ⁷⁷ ‘i bhfarradh an orduithe dhílsithe a cuirfear ... go dtí an t-údarás clárúcháin ... cuirfear cóip den ordú tógaint’, *the vesting order sent ... to the registering authority ... shall be accompanied by a copy of the acquisition order* (alt 4(1)(iii) den Acht Foraoiseachta, 1956).
- ⁷⁸ ‘de bhuaidh an Achta Chosanta, 1954’, *by virtue of the Defence Act, 1954* (alt 4 d’Acht na bPríosúnach Cogaidh agus na nEachtrannach Naimhdeach, 1956) – cf. ‘Más é tuairim an Aire Chosanta go ...’, *Where the Minister for Defence is of opinion that ...* (alt 6(1) d’Acht na Croise Deirge, 1954).
- ⁷⁹ *pursuant to a charterparty* (Airteagal 1(b) de na Rialacha sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Loingis Cheannaíochta, 1947) – faightear ‘conradh fostuithe soithigh’ ar *charterparty* san Ordú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 5), 1950 (Ionstraim Reachtuil Uimh. 2 de 1950), agus déantar é sin a chaighdeánú mar ‘conradh fostaithe soithigh’ sna *Téarmaí Dlí*, 1959).
- ⁸⁰ ‘ceadúnas lorgaireachta do réir bhrí an Achta Fhorbairte Minearál, 1940’, *a prospecting licence within the meaning of the Minerals Development Act, 1940* (alt 1 d’Acht Chuid-eachta na Mianraí, 1947).
- ⁸¹ ‘ní luífidh achomharc chun na Cúirte Cuarda i gcoinne orduithe dhaingnithe is tuigte a bheith arna dhéanamh amhlaidh’, *an appeal shall not lie to the Circuit Court from a confirming order which is deemed to have been so made* (alt 32(1)(b) den Acht Srianata Cíos, 1946).
- ⁸² ‘más chun críocha ciste fheabhsuithe chathartha thoidheonaigh a híocfar an tsuim’, *if the sum is paid for the purposes of a voluntary civic improvement fund* (alt 8(3)(a) den Acht Rialtais Áitiúil, 1946).
- ⁸³ ‘mí-ráiteas toiliúil in iarratas ag iarraidh moladh ghlactha’, *a wilful misstatement in an application for a recommendation for reception* (alt 255(a) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945).
- ⁸⁴ ‘go ceann tréimhse de shé mhí ó dháta dhéanta an ordaithe’, *until the expiration of a period of six months from the date on which the order is made* (alt 186(1)(b) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945).
- ⁸⁵ ‘agus an dáta ceapfar amhlaidh ní bheidh sé níos luaithe ná an ceathrú lá déag tar éis lae dhéanta an orduithe cheiliúrthaigh’, *and the date so fixed shall not be earlier than the fourteenth day after the date on which the revocation order is made* (alt 3(3) d’Acht an Bhainne (Soláthar agus Praghas do Rialáil) (Leasú), 1941).
- ⁸⁶ ‘nach dáta roimh dháta orduithe dhéanta an cheiliúrtha san’, *not being prior to the date of*

‘d’abhar eile mhilsithe’,⁸⁷ ‘praghas mhór-dhíolta an chiníl sin’,⁸⁸
‘ar oifigeach chaomhanta iascaigh mhara’,⁸⁹ ‘ó dháta fhoillsithe an fhógra’,⁹⁰
‘i gcás ... fógra tháirgthe’,⁹¹ ‘don ordú choigeartuithe’,⁹²
‘tar éis dáta thosnuithe an cheadúnais’,⁹³ ‘i gcoinnibh an orduithe dhiúlta’,⁹⁴
‘tar éis churtha an mhuirir’,⁹⁵ ‘o dháta shocruithe méid na suime san’,⁹⁶

the order effecting such revocation (alt 9(4)(a) d’Acht na nÚdarás nAitiúil (Có-Cheannach), 1939).

- ⁸⁷ ‘agus do rinneadh de shiúicre no d’abhar eile mhilsithe’, *and made from ... sugar or other sweetening matter* (alt 3(1) den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 1939).
- ⁸⁸ ‘ar an bhforas gur mhéaduigh praghas mhór-dhíolta an chiníl sin den earra san o rinneadh an t-ordú praghais sin’, *on the ground that the wholesale price of such kind of such commodity has increased since the making of such price order* (alt 29(b) den Acht chun Pragsanna do Rialú, 1937).
- ⁸⁹ ‘na comhachta céanna bronntar ar oifigeach chaomhanta iascaigh mhara le fo-alt (1)’, *the like powers as are conferred upon a sea fisheries protection officer by sub-section (1)* (alt 8(1) den Acht Iascaigh Mhara (Iasc Neamh-Fhásta do Chaomhaint), 1937).
- ⁹⁰ ‘gur o dháta fhoillsithe an fhógra san a comharófar an t-am a ceaptar do réir dlí don atchomharc san’, *the time limited by law for such appeal shall run from the date of such publication of such notice* (alt 31(3) den Acht Airgid, 1935); cf. ‘... seirbheálfar iad an mí tar éis mí fhoillsithe na bhfógrán san’, *the notices ... shall be served in the month next succeeding the month in which the said advertisements are published* (alt 8(b) d’Acht na nÚdarás nAitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1936) – tabhair do d’aire go n-áirítear leagan firinsneach de ‘mí’ mar leagan malartach den cheannfhocal sin in FGB agus gurb é an leagan baininsneach an leagan malartach a thugtar i bhFoclóir an Duinnínigh, s.v. ‘mí’.
- ⁹¹ ‘I gcás ... fógra tháirgthe i dtaobh áitreibh ar bith do sheirbheáil go cuibhe ar an gceadúnaí alos an áitreibh sin’, *Where ... a production notice in relation to any premises has been duly served on the licensee in respect of such premises* (alt 100 den Acht Muc agus Bagúin, 1935).
- ⁹² ‘ar theacht i ngníomh don ordú choigeartuithe sin’, *on ... the coming into operation of such adjustment order* (alt 23(5) den Acht Rialtais Áitiúla (Leasú) (Uimh. 2), 1934).
- ⁹³ ‘tar éis dáta thosnuithe an cheadúnais sin’, *after the date on which such licence commenced* (alt 38(1) den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1933, arna leasú le halt 13 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1934).
- ⁹⁴ ‘féadfaidh an t-iarratasóir ... athchomharc do dhéanamh ... chun an Aire i gcoinnibh an orduithe dhiúlta san’, *the applicant may ... appeal ... to the Minister against such refusal order* (alt 5(3)(b) den Acht um Chlárú Tithe Máithreachais, 1934) – mar shampla roimhe sin arís sa reachtaíocht den fhoirm sin den ainm briathartha de ‘diúltaigh’, arna séimhiú arís, féach Airteagal 38 de Bhunreacht Shaorstáit Éireann, 1922: ‘agus molta uile Sheanaid Éireann no aon mhola aca do ghlaca no do dhiúlta’, *accepting or rejecting all or any of the recommendations of Seanad Éireann*.
- ⁹⁵ ‘cuid ar bith de chaipital an chumainn sin a héileofar tar éis churtha an mhuirir sin, ní déanfar san do chur chun críche’, *no part of the capital of such society which is called up after the making of such charge shall ... be applied* (alt 8(1) den Acht Comhar-Chumann Talmhaíochta (Debentiúirí), 1934).
- ⁹⁶ ‘laistigh de bhliain o dháta shocruithe méid na suime bliantúla san’, *within one year from the date on which the amount of such annual sum is fixed* (alt 8 sa Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na mBóthar Iarainn, 1933).

‘i dtaobh gach deimhnithe shaortha’,⁹⁷
 ‘cothrom lae dheonta an cheadúnais’,⁹⁸
 ‘fé bhráid chó-choiste bhreithnithe’,⁹⁹
 ‘ar dháta bheirthe an leinbh’¹⁰⁰ agus
 ‘o dháta thíolactha na hachuinge’.¹⁰¹

Má théimid lasmuigh de réimse na reachtaíochta, i gcomhair na samplaí scoir, féach gur *drowning man’s grip*, seachas *drowned man’s grip*, atá ar ‘greim an duine bháite’ i bhFoclóir Uí Dhónaill¹⁰² – agus tá ‘greim an fhir bháite’ ann, chomh maith, ar ndóigh,¹⁰³ a bhféadfaí é a áireamh mar

“an chéad uair a tugadh speal duit, má rug tú greim an fhir bháite ar an chrann, in áit ‘a coinneáil scaoilte agus ligean di siúl uaithi féin” (Seamus Ó Grianna, i.e., ‘Máire’, 1889-1969)



- ⁹⁷ ‘á cheangal ar dhaoine saortha breacacháin do choimeád i dtaobh gach deimhnithe shaortha do bhéarfaid amach’, *requiring exempted persons to keep records of all certificates of exemption issued by them* (alt 77(1)(c) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1933).
- ⁹⁸ ‘tuigfear an bhliain do thosnú cothrom lae dheonta an cheadúnais fheithicle seirbhíse puiblí gur ina thaobh a bheidh an táille sin inioctha’, *the year shall be deemed to commence on the anniversary of the grant of the public service vehicle licence in respect of which such fee is payable* (alt 88(2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1933).
- ⁹⁹ ‘Pé uair a bheartóidh Comhairle na Cathrach ... le rún go gcuirfear ní fé bhráid chó-choiste bhreithnithe’, *Whenever the City Council ... resolves that a matter shall be referred to a joint committee of reference* (alt 78(3) den Acht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930) – cf. ‘Is i Halla na Cathrach ... a comórfar gach cruinniú de chóchoiste bhreithnithe’, *All meetings of a joint committee of reference shall be held in the City Hall* (alt 78(5) den Acht céanna sin).
- ¹⁰⁰ ‘beidh teideal ag an duine sin chun iarratas sa bhfuirm orduithe ar dheimhniú ar dháta bheirthe an leinbh sin d’fháil’, *such person shall be entitled to obtain ... a requisition in the prescribed form for a certificate of the date of the birth of such child* (alt 19(2) den Acht Freastal Scoile, 1926).
- ¹⁰¹ ‘tar éis seachtain do bheith caithte o dháta thíolactha na hachuinge’, *after the expiration of one week from the date of the presentation of the petition* (alt 3(b) de na Rialacha sa Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúla, 1925).
- ¹⁰² S.v. ‘greim’ – tugtar *despairing hold* air, chomh maith; faightear *a drowning man’s grasp, an immovable grip* ar ‘greim an duine bháidhte’ i bhFoclóir an Duinnínigh; mar shampla ó Nua-Chorpar na hÉireann d’úsáid na habairte seo, i nGaeilge Uladh, féach ‘Shíothlaigh an coipeadh beagainín; fuair an gasúr greim an duine bháite ar an rópa’ (Seán Mac Cumhaill, *Gort na Mara agus scéalta eile*, 2002), agus, i nGaeilge na Mumhan, féach ‘Ansan lámh mná sí ag breith greim an duine bháite ar an bpaca a bhí ar mo dhroim’ (Maidhc Dainín Ó Sé, *Chicago Driver*, 1992); ar an lámh eile, is sampla den rangabháil chaite atá in ‘Ar chualáís riamh go mbeannaíodh an sagart punann tuí chun corp an duine bháite a aimsiú?’ (*Béarach Mná ag Caint: Seanchas Mháiréad Uí Mhionacháin*, 1999).
- ¹⁰³ Mar shampla ón Nua-Chorpar den abairt sin, i nGaeilge Chonamara, féach ‘Í scaoilte amach i ndiaidh a cinn agus greim an fhir bháite ar shlinneán na cathaoireach aici mar bheadh sí ar ancaire ag iarraidh í féin a choinneáil siar ón scáileán’ (Joe Steve Ó Neachtain, *Clochmhóin*, 1998), agus, i nGaeilge Uladh, féach ‘Mar sin de an chéad uair a tugadh speal duit, má rug tú greim an fhir bháite ar an chrann, in áit ‘a coinneáil scaoilte agus ligean di siúl uaithi féin, ’chroith d’athair a cheann go gruama, ionann is a rá, “tá barraíocht de

shampla den séimhiú ar an ainm briathartha ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach, agus é ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha.

Tugtar ‘a fhir choscartha gach catha’,¹⁰⁴ in *Seanchas na Féinne* le Niall Ó Dónaill, mar shampla scoir anseo, arb éard atá ann sampla den séimhiú ar ainm briathartha sa ghinideach, atá ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha, agus an t-ainm briathartha sin faoi réir ag ainmfhocal dar críoch consan caol sa tuiséal gairmeach uatha.

Shruth Snagáin ionat, a mhic” (Séamus Ó Grianna, *Cora Cinniúna*, 1993).

¹⁰⁴ ““Ná raibh maith agat, a Oscair, a fhir choscartha gach catha,” arsa Faolán, “a deir go dtabharfá laoch leat d’ainneoin uaim féin is ó m’athair” (ó Nua-Chorpas na hÉireann); mar a chonaiceamar i bhfonóta 5 sa chaibidil dheireanach, áiríodh an gairmeach uatha frinscneach ó thaobh riail an tséimhithe de in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960), mar ar tugadh ‘a dhuine chroí’ mar shampla den séimhiú sa chás sin, agus ‘a Thiarna Breithimh’ mar shampla den díshéimhiú (‘go hiondúil’) nuair ba ghinideach comhaisnéise pearsanta a bhí i gceist (alt 56(c), lch 30) – dealraíonn sé nach n-áirítear an gairmeach uatha sa Chaighdeán Oifigiúil ná sa Chaighdeán Athbhreithnithe ó thaobh riail an tséimhithe de, murab ionann agus an *Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011), mar a dtugtar ‘a dhuine chroí’ agus ‘a dhuine chléibh’ (ó FGB, s.v. ‘cliabh’ [tugtar ‘A bhean chléibh’ san iontráil sin, chomh maith]) mar shamplaí den séimhiú (féach Foscríbhinn 5) – ar ndóigh, is beag feidhm a bhaintear as an tuiséal gairmeach sa reachtaíocht!

Ainmfhocail dar tús ‘f’

Leanann an Caighdeán Athbheithnithe eagrán nua 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, arna fhoilsiú ag an nGúm, agus dísheimhiú ‘f’ tosaigh á nascadh sa Caighdeán sin le rialail an Chaighdeáin Oifigiúil nach gnách séimhiú ar ‘d’, ‘t’ agus ‘s’ i ndiaidh ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’.¹ Díol suntais, áfach, nach dtugtar ach sampla de ‘f’ tosaigh i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh uatha mar shampla den easpa séimhithe ar ‘f-’ in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, agus gabhann eisceacht ón rialail dísheimhithe sin fiú – de réir an ghraiméir sin ní ghnách séimhiú

ar *d, s, t* ar lorg *d, l, n, s, t*, ach i gcorrchás: *bean siúil; cos deiridh; slat tiomána; tonn tuile; min seagail; beirt sagart* ach *maidin shambraidh (sheaca)*; ná ar *f* tosaigh, mar gur féidir le séimhiú cuma éiginnte nó ait a chur ar an mbunfhocal sa chaint: *deoir fola [fhola nó ola]*, ach *an ghlóir fhlaithiúnais*.²

Ina ‘Moltaí maidir le pointí áirithe gramadaí a shimplíú agus a shoiléiriú’ rinne an Coiste Téarmaíochta an dísheimhiú a shíneadh amach go focail dar tús ‘f’ i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh iolra:

Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús *f* i ndiaidh ainmfhocal baininsneach: *oíche fómhair, bean feasa, foireann fichille, cúirt filíochta, deoir fola*

Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús *f* i ndiaidh ainmfhocal iolra dar críoch consain chaola: *baill foirne, crainn fuinseoige, combaid fuaime, imill féir, turais farraige*.³

Sa Chaighdeán Athbheithnithe cuirtear eiseamláirí na bhfocal sa ghinideach dar tús ‘f’ leis na heiseamláirí den easpa séimhithe ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ i ndiaidh ‘-d’, ‘-n’, ‘-t’ ‘-l’ agus ‘-s’, i mír sa Chaighdeán sin dar tús ‘Rialail maidir le *d, n, t, l* agus *s* agus *f*’, ina rialaítear mar a leanas:

ní shéimhítear ainmfhocail éiginnte dar tús na litreacha *d, t* nó *s* i ndiaidh *d, n, t, l* nó *s*; ná ní iondúil ainmfhocail éiginnte dar tús *f* a shéimhiú tar éis

¹ Ní dhéantar aon tagairt do ‘f-’ sa chomhthéacs seo in eagrán 1960 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* – féach Foscscríbhinn 2; is í an rialail a fhaightear sa Chaighdeán Oifigiúil ná ‘ní gnáth séimhiú ar *d, t, s* i ndiaidh *d, n, t, l, s*’ (féach Foscscríbhinn 1).

² Alt 4.16 in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (BÁC 1999) – cf. Foscscríbhinn 3; féach, chomh maith, lch 336 thíos, mar a dtráchtar ar mhonagraf Mhaolmhaodhóg Uí Ruairc sa chomhthéacs seo.

³ Ina alt ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’ (lch 157), mar a ndeir sé go bhfágtar an litir ‘f’ gan séimhiú ‘minic go leor’, cuireann Micheál Ó Murchú focail dar tús ‘f’ ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol san áireamh, chomh maith – ar na samplaí a thugann sé tá ‘gnáthriachtanais fostaíochta’ agus ‘mórhionscnaimh foiclóireachta’ ó Mháirtín Ó Murchú, *Ag Dul ó Chion* (2002), lch 36.

ainmfhocal eile:–

*báid seoil, capaill seilge, turais taighde,
caighdeáin tástála, saighead draíochta,
saotharlann taighde, téad tíre, bean tí,
cúirt dúiche, beirt dochtúirí (eisceachtaí:
áit dhúchais, maidin shamhraidh); searraigh
folaíochta, beithigh feirme, botháin freastail,
bean feasa, oíche filíochta, sochaí faisnéise,
teicneolaíocht faisnéise.*

Mar a fheictear thuas, is líonmhaire iad na heiseamláirí den easpa séimhithe ar fhocail dar tús ‘f’ ná na heiseamláirí den easpa séimhithe i gcás na litreacha eile, tharla, ar ndóigh, dísheimhiú sin focal dar tús ‘f’ a bheith ina athrú chomh mór sin ar an gCaighdeán Oifigiúil.



Foclóir Uí Dhónaill

Níor mhiste, i gcomhthéacs an Caighdeán Oifigiúil a bheith dírithe ar scríobh na Gaeilge i gcáipéisí oifigiúla go háirithe, aird a tharraingt ar ‘sa chaint’ san abairt sin thuas as *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* – i.e. ‘gur féidir le séimhiú cuma éiginnte nó ait a chur ar an mbunfhocal sa chaint’. In *Gaeilge Chonamara* (1998), deir Séamas Ó Murchú, chomh maith, go bhfághtar ‘f’ gan séimhiú uaireanta, go háirithe nuair a d’fhéadfadh an séimhiú an focal a chur ó aithne – rud nach dtarlódh i scríobh na Gaeilge, ar ndóigh.⁴

I dtaca leis na samplaí d’fhocail dar tús ‘f’ sa sliocht sin thuas as *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, faightear ‘an ghlóir fhlaithiúnais’ i bhFoclóir Uí Dhónaill,⁵ mar a bhfaightear ‘má tá aon deoir fola ionat’,⁶ chomh maith. Is amhlaidh go raibh lámh ag Niall Ó Dónaill féin san eagrán nua sin de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* agus is liosta le háireamh iad na samplaí a thugtar san fhoclóir sin d’ainmfhocail dar tús ‘f’ nach séimhítear ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh

⁴ I gcás na nGluaiseanna Sean-Ghaeilge, d’fhágtáí ‘f’ séimhithe ar lár ó am go chéile – féach Rudolf Thurneysen, *A Grammar of Old Irish*, alt 231(7), lch 142:

As a rule lenition of f and s is not indicated in the earlier Glosses. But occasionally lenited f, which was silent ..., is omitted altogether, especially when the two words are written as one; e.g. innalaithe ‘into his kingdom’ (flaith) Wb [Gluaiseanna Würzburg] 31^a3; meulae ‘of my flesh’ (féulae gen. pl.) Ml. [Gluaiseanna Milano] 47^c4 In Sg. [Gluaiseanna St. Gallen] and later MSS. a punctum delens is frequently placed over lenited f and s ..., e.g. do slund nach folaíd ‘to express any substance’ Sg. 73^b7.

⁵ Is é ‘An ghlóir fhlaithiúnais’, *heavenly glory*, an chéad iontráil a fhaightear in FGB, s.v. ‘glóir’.

⁶ *if there is any manly spirit left in you* (FGB, s.v. ‘deoir’) agus *if there is a drop of (manly) blood in you* (FGB, s.v. ‘fuil’).

uathu. Ar na samplaí sin, idir sheantearmaí agus théarmaí nua, tá:

acmhainn farraige; adhairt feamainne; adharc fiaigh; aill fir; ailp feola; aiste filíochta; in aois fir; bailc fearthainne; baintreach fir;⁷ baisc faochan; banaltra fir; bean fuála, feasa; binn féaraigh; braonaíl fearthainne; bró feamainne, fola; brúisc fearthainne; buile feirge; buíon fear oibre; búireach fear; burlóg fir; le cabhair fear; caidhp fir; cailleach feasa, fir; i gcáilíocht fir; caise fola; cantaoir fíona; caor feannóige, feorais, fíniúna; carcair faochan; casóg fir; ceathrú feá; ceilt fírinne; céim fáis; ciall focail; clais feamainne; cleith fir; clipe féasóige; cluimhreach féasóige; coinneal feaga; comhla fuinneoige; cos fuipe; cosúlacht fir; crithir fola; cruach farraige; cruach fagharta, faobhair; cuid fear; cuilthe fiabhrais; cuisle farraige; culaith fir;⁸ cuma fearthainne; dabhach folctha; dabhaid feola; dailc fir; dallóg fuinneoige; dásacht feirge; dealg feochadáin; deirge fola; doimhneacht fuaimne; dóthain fir; dúshraith fírinne; eatal feirge; éide fir tíre; faí faoileán; fairsinge féir; fead fliúite; féith fola; feoil fola; fiacail forais; fóir fuinnidh; foireann fichille; folc fearthainne; fras fearthainne; fuaire fáilte; fuip fiaigh; gabháil féir; garma fíodóra; giobarsach féasóige; giobóg féir, feola; glaise féir; gloine fuinneoige, formhéadúcháin, frithne, féachana, fíona; gné fíona; gníomhaireacht fostaíochta; goid fríotha; goimh fuachta; grág fiaigh; grísc fola;⁹ iarracht filíochta; iascaireacht farraige; imirt feirge, faltanais; inmhe fir; iongabháil feirge; laoi Fiannaíochta; lasair fiabhrais; leac fuinte; leadhb feola; léim fáis; líne filíochta; linn fola; luisne fiabhrais; maighre fir; mí féilire; moirt fíona; nimh francach; obair fathaigh; oifig faisnéise; ológ feola; páirc féir; pióg feola; radalach féir; ráig feirge; rámhaille fiabhrais; ruaim feirge; sábháil féir; sáibhirne feola; sais fuinneoige; sairse fónaimh; sárbhliain fíona; scaird fola; scairdeach mhaith fuisce; sceith fola; scian féir, feola, fola, fonsa; scoil filíochta; scoth fir; scoth faobhair; scraith féir; seinm fidile; siosarnach friochta; sliseog fir; sní fearthainne; spairt fola; speach feirge; splanc feirge; spóla feola; sprais fola, fearthainne; sraith féir, feamainne; srann feirge; sraoill fir; sreang fidile; staic fir; stáid fola; starróg fiacail; straidhn feirge; tabhairt fianaise, fola; táille fillte, formheasa; tairseach fuinneoige; tallann fir, feirge; taoisc fola; tarraingt fiacla, fola, figiúirí; téad fidile; teanga fia; teocht fuachta; teorainn feirme; titim focail; toghairm finné; tonn fola, feirge; tóraíocht fia; trá feamainne; treolíne fórsa; uain farraige; uaisle fola; úsáid focal.¹⁰

⁷ Cf. ‘breacbhaintreach fir’.

⁸ Cf. ‘culaith fir tíre’, *civilian suit* (FGB, s.v. ‘culaith’); mar shampla den easpa séimhithe ar ‘f’ ar lorg ginidigh uatha fhirinscigh dar críoch consan caol, féach ‘óiche chinn féile’.

⁹ ‘Bhí a dhroim ina ghrísc fola’, *his back was raw and bleeding* (FGB, s.v. ‘grísc’).

¹⁰ Ba mhór an chabhair dom, agus an liosta sin thuas á chur i dtoll a chéile agam, an tiomsú as Foclóir Uí Dhónaill ar ainmfhocail sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocail eile

Is mór idir an líon sin agus líon na samplaí de ‘f’ tosaigh faoi shéimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha a fhaightear in FGB:

bothóg fhód; buíon fhómhair; cáin fheistithe; cearc fheá, fhraoigh; ciall fhréimhíochta; cliath fhuirste; cloch fhaobhair, fhorbháis; comhéifeacht fhorbartha; contúirt fholaigh; críoch fhearainn; cruach fhéir; dallóg fhéir, fhraoigh; deoir fheartainne, fhola; dís fhear; dlaióg fhéir; dlaoi fhéir, fhéasóige; druil fhoclóra; fuinneog fhardorais; gabháil fhoinn; glóir fhlaithiúnais; gráinneog fhéir; iodhlann fheirge, fhoghla; leaba fhlocais; loine fhorthomhais; luch fhéir, fhraoigh, fharraige; sceathrach fhroig; sceith fhroig; tóin fhionn;¹¹ ubh fhaoileáin, fhia.¹²

Ar ndóigh, bheadh difear mór idir go leor de na téarmaí a tugadh thuas nach bhfaightear séimhiú ar an ‘f’ tosaigh iontu, ar téarmaí iad cuid acu atá sa chaint le fada, agus ainmfhocail dar tús ‘f’ ag teacht chun cinn i scríbhinn oifigiúil agus iad faoi réir ag ainmfhocal iolra dar críoch consan caol.¹³

a rinne Maolmhaodhóg Ó Ruairc ina shaothar *Ainmfhocail faoi Réir a Chéile* (1996) – chuireas an liosta sin ar lch 299 i dtoll a chéile den chéad uair mar chuid de dhréacht-tuarascáil a scríobhas ar an gCaighdeán Oifigiúil, agus mé ar fhoireann Rannóg an Aistriúcháin, thart ar an tréimhse 2001/2.

¹¹ Féach nóta 54 i gCaibidil 9.

¹² Faighimid ‘f’ neamhshéimhithe i bhFoclóir an Duinnínigh i gcás roinnt de na téarmaí sin thuas – ‘cearc fraoigh’, ‘cliath fuirsidhe’ / ‘cliath fuirste’, ‘cloch faobhair’, ‘dallóg fraoigh’, ‘gráinneog féir’, ‘luch féir’ agus ‘ubh fiadh’ (cf. Maolmhaodhóg Ó Ruairc in *Léachtaí Cholm Cille xxxi* (2001), lch 34, i dtaca le ‘cliath fuirsidhe’ / ‘cliath fuirste’); de bhreis ar na samplaí neamhshéimhithe sin, tugann an Duinníneach ‘dlaoi fulla’ ach, ar an lámh eile, tugann sé ‘dallóg fhéir’ (féach DIL, mar a ndeirtear gur dócha gur ó Ghaeilge na hAlban don téarma sin – in Dwelly, *The Illustrated Gaelic-English Dictionary* [1949 (1901-1911)], faightear an t-alt idir an dá ainmfhocal); féach Caibidil 11 thuas, chomh maith, mar a dtugtar samplaí ó údair Ghaeltachta de ‘ag baint fheamainne’ (abairt a bhfaightear níos mó ná a dhá oiread samplaí di ó údair Ghaeltachta i Nua-Chorpas na hÉireann ná mar a fhaightear de ‘ag baint feamainne’), murab ionann agus ‘ag baint féir’, ar abairt í a bhfaightear a dhá oiread samplaí di ná mar a fhaightear de ‘ag baint fhéir’; agus tugtar ‘a chír fhiacra bréige’ as *An Gealas i lár na Léithe* le Pádraig Ó Cíobháin, Corca Dhuibhne, roimhe seo thuas, chomh maith.

¹³ Tugann Maolmhaodhóg Ó Ruairc ‘ioncaim feirme’, ‘innill fuála’, ‘rialacháin foirne’ agus ‘caiteachais feirme’ in *Ainmfhocail faoi Réir a Chéile*, ach dealraíonn sé nach as FGB do na téarmaí sin aige; faighimid ‘rialacháin foirne’ in alt 8A(1) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (arna chur isteach le halt 5 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008), mar a leanas: ‘ciallaíonn “Iarscríbhinn VIII” Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach, arb iad na rialacháin iad dá dtagraítear i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 an 29 Feabhra 1968 ón gComhairle’, “*Annex VIII*” means *Annex VIII to the Staff Regulations of Officials of the European Communities, being the regulations referred to in Council Regulation (EEC, Euratom, ECSC) No. 259/68 of 29 February 1968* – gabhann ‘Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach L 56, 4.3.1968’ mar thagairt leis sin san Acht; níorbh fhéidir liom teacht ar na téarmaí eile sin ag an Ruarcach sna hAchtanna; thugamar sampla i gCaibidil 12 thuas de ‘sciatháin fhéileacáin’ as saothar le Alan Titley (i dteannta samplaí dshéimhithe ó údair eile), agus le sampla séimhithe eile a thabhairt anseo féach ‘na béil fhuadaigh’ sa chur síos seo a leanas a dhéanann Tomás Ó

Achtanna an Oireachtais

Má thugaimid sracfhéachaint ar Achtanna a aistríodh le blianta beaga anuas, faighimid séimhiú ar ‘f’ tosaigh ar lorg ainmfhocail iolra dar críoch consan caol i dteideal Achta ón mbliain 2008, ‘an tAcht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra, 2008’¹⁴ – féach, chomh maith, an séimhiú ar ‘fóntais’ i dteideal na hIonstraime Reachtúla seo a leanas ón mbliain 2007 a dtagraítear di in Acht ón mbliain 2010: ‘Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Fhóntais do Dhámhachtain Conarthaí), 2007’.¹⁵ Faightear an téarma ‘Cáin Fháltas Caipitiúil’ sa teideal ‘An tAcht um Cháin Fháltas Caipitiúil, 1976’,¹⁶ agus i gcorp Achtanna ó shin i leith,¹⁷ d’ainneoin go ngabhann aidiacht leis an ainmfhocal ‘fáltas’¹⁸ – faoi mar a chonaiceamar i gCaibidil 10 thuas, faightear ‘Cáin Fháltas Caipitiúil’ mar cheannteideal ar Chuid 5 den Acht Airgeadais, 2013, ar Acht é a achtaíodh ó foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe.

Agus samplaí den séimhiú ar ‘f-’ á gcuardach sna hAchtanna don suirbhé sa chaibidil seo, tugadh aird ar leith ar na focail dar tús ‘f’ in eiseamláirí an Chaighdeáin Athbhreithnithe den easpa séimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol – i.e., ‘searraigh folaíochta’, ‘beithígh feirme’ agus ‘botháin freastail’ – agus beimid ag díriú go sonrach ar na samplaí ar leith as na hAchtanna atá inchomórtais go díreach le heiseamláirí sin an Chaighdeáin Athbhreithnithe sa chuid deiridh den chaibidil. Mar shampla ó na hochtóidí de theideal Achta ina bhfaightear ‘f’ tosaigh faoi shéimhiú féach ‘an tAcht um Cháin Fheirme, 1985’.¹⁹ Faightear séimhiú ar ‘f-’ i dteideal Achta ó 1967, chomh maith, mar atá, ‘an tAcht um Chinsireacht Fhoilseachán, 1967’.²⁰ Ar an láimh eile faighimid ‘f-’

Máille ar ‘bualadh báire’ in *An Béal Beo* (BÁC 2003 [1936], lch 155-6): ‘Is é an cúl toraic an fear a bhíos ... ar aghaidh an chúl báire amach. ... An béal fuadaigh (na béil fhuadaigh) an fear nó an mhuintir a bhíos ag iarraidh an liathróid a chur amach an béal báire ina aghaidh’.

¹⁴ *The Cluster Munitions and Anti-Personnel Mines Act 2008*.

¹⁵ ‘Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Fhóntais do Dhámhachtain Conarthaí) 2007 (I.R. Uimh. 50 de 2007), Rialachán 20(1)(e)’, *European Communities (Award of Contracts by Utility Undertakings) Regulations 2007 (S.I. No. 50 of 2007)*, *Regulation 20(1)(e)* (alt 29 i gCuid 8 de Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010).

¹⁶ *The Capital Acquisitions Tax Act, 1976*.

¹⁷ Le sampla ón mbliain sular foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe a thabhairt anseo, féach ‘Cáin Fháltas Caipitiúil’, *Capital Acquisitions Tax* (ceannteideal ar Chuid 5 den Acht Airgeadais, 2011).

¹⁸ Chuirfí i gcoinne an teidil sin thuas ar chuntar eile fós faoin gCaighdeán Athbhreithnithe, is é sin, ‘fáltas’ a bheith sa ghinideach iolra – féach Caibidil 9 thuas.

¹⁹ *The Farm Tax Act, 1985*.

²⁰ *the Censorship of Publications Act, 1967* – ritheadh ‘an tAcht um Chinsireacht Fhoilseachán, 1946’ bliain is fiche roimhe sin; gaireadh ‘an tAcht um Scrúdóireacht Fhoilseachán, 1929’ (arís go na séimhiú ar ‘f-’) ar *the Censorship of Publications Act, 1929*; mar shamplaí den

arna dhíshéimhiú sna teidil ‘an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997’,²¹ ‘an tAcht um Chorpáraid Forbartha Náisiúnta, 1986’²² agus ‘an tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta don Aos Óg, 1981’.²³ Agus in Acht ón mbliain 2007 tagraítear d’Ionstraim Reachtúil ón mbliain 2005 dar teideal ‘Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2005’.²⁴

Séimhiú ar ‘f-’ ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra

Ag díriú dúinn anois ar shamplaí fánacha den séimhiú agus den easpa séimhithe ar ‘f-’ ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra i gcorp Achtanna, faighimid ‘caighdeán fheidhmiúlachta agus chuibhis’ in Acht ón mbliain 2010,²⁵ ach ‘foirgnimh feirme’ in Achtanna ó na blianta 2009²⁶ agus 2007,²⁷ mar shampla. Féach, áfach, go bhfaighimid ‘iascaigh fhionnuisce’,²⁸ ‘córais fhaisnéise’²⁹ agus ‘cleachtais fhoirgníochta’³⁰ in Achtanna ón mbliain sin 2007, agus faighimid ‘limistéir fheidhme’,³¹

‘f-’ san fhocal sin arna dhíshéimhiú, áfach, féach ‘An Bord um Chinsireacht Foilseachán’, *the Censorship of Publications Board*, agus ‘An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán’, *the Censorship of Publications Appeals Board*, araon, sa Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

²¹ *The Freedom of Information Act, 1997.*

²² *The National Development Corporation Act, 1986.*

²³ *The Youth Employment Agency Act, 1981.*

²⁴ *The European Communities (Energy Performance of Buildings) Regulations 2005* (I.R. Uimh. 872 de 2005) – faightear an tagairt sin don Ionstraim sin in alt 7B den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990, arna chur isteach le halt 7 den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007.

²⁵ *standards of fitness and probity* (alt 21(2) den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010).

²⁶ ‘ciallaíonn “feirm” talamh talmhaíochta, ... foirgnimh feirme is cuí don mhaoin’, “*farm*” means agricultural land, ... *farm buildings appropriate to the property* (alt 1 i gCuid 3 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009).

²⁷ ‘ciallaíonn ‘talamh’ talamh talmhaíochta agus folaíonn sé cibé foirgnimh feirme, tithe feirme agus maintithe ... is de ghné is iomchuí don talamh’, ‘*land*’ means agricultural land and includes such farm buildings, farm houses and mansion houses ... as are of a character appropriate to the land (alt 81AA(1) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, arna chur isteach le halt 103 den Acht Airgeadais, 2007).

²⁸ ‘Iascaigh bhradáin agus fhionnuisce’, *Salmon and freshwater fisheries* (Cuid iv de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2007).

²⁹ ‘córais fhaisnéise agus bunachair shonraí i ndáil le seirbhísí uisce a fhorbairt’, *develop ... information systems and databases in relation to water services* (alt 30(4)(g) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007).

³⁰ ‘foráil a dhéanamh maidir le cleachtais fhoirgníochta a bheadh ina gcabhair maidir le coireacht a chosc’, *making provision for building practices that would assist in preventing ... crime* (alt 3(2)(ea) den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007).

³¹ ‘ciallaíonn “píblíne gháis uas-srutha straitéiseach” an oiread sin d’aon píblíne gháis a bheartaítear a oibriú nó a fhoirgniú ... agus atá suite i limistéir feidhme nó i limistéir

‘córtais fhionnuisce’³² agus ‘cumainn fhoirgníochta’³³ in Achtanna ón mbliain roimhe sin. Is líonmhaire iad na samplaí de ‘limistéir feidhme’ a fhaightear sna hAchtanna, áfach, ná mar a fhaightear de ‘limistéir fheidhme’, mar shampla.³⁴ Agus cé go bhfaighimid ‘gnóthais fhuinnimh aonair’³⁵ in Acht ón mbliain 2006 is amhlaidh go bhfaighimid ‘coigiltis fuinnimh phríomhúil’³⁶ san Acht céanna sin ón mbliain 2006. Agus féach an easpa séimhithe ar an nginideach de ‘fuinneamh’ i gcomórtas leis an séimhiú ar an nginideach de ‘cumarsáid’ in ‘gréasáin fuinnimh agus chumarsáide’³⁷ in Acht ón mbliain 2000. Faighimid samplaí de ‘taifid freastail scoile’ agus de ‘leibhéil freastail’ in Acht ón mbliain 2000.³⁸

fheidhme údaráis pleanála nó údarás pleanála’, *‘strategic upstream gas pipeline’ means so much of any gas pipeline proposed to be operated or constructed ... as will be situate in the functional area or areas of a planning authority or planning authorities* (alt 2(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú le halt 6(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006) – faightear an téarma sin arna shéimhiú i gcúig Acht eile idir na blianta 2000 agus 1983, agus faightear ‘limistéir fheidhmiúcháin’ i gcúig Acht idir 1981 agus 1960 (féach an Tábla ar ball thíos, s.a. 1981).

- ³² ‘ag féachaint go háirithe ... do chórais fhionnuisce, do thírdhreachú agus d’úsáid tairbhíúla cuí’, *with particular regard to ... freshwater systems, landscaping and appropriate beneficial uses* (alt 23 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006).
- ³³ *building societies* (teideal taoibhe alt 77 den Acht Airgeadais, 2006) – cf. teideal taoibhe alt 57 den Acht Airgeadais, 1990, agus teideal taoibhe alt 31 den Acht Cánach Corparáide, 1976, mar shampla; faightear samplaí sna hAchtanna den séimhiú sa ghinideach uatha i gcás ‘cumann foirgníochta’, chomh maith – féach an dara Tábla anseo thíos, s.a. 1971, mar shampla.
- ³⁴ Féach, mar shampla, ‘an úsáid a bhainfidh an t-údarás bóithre as glanfháltas na n-ioncam lochta ... laistigh dá limistéir feidhme’, *the ... use by the road authority of the net proceeds of parking ... within its functional area* (alt 65(3)(a) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008) – faighimid samplaí chomh fada siar le 1970; tabhair do d’aire go n-aistríonn ‘limistéir’ *area* sa sliocht sin as Acht 2008, agus go bhfaightear ‘limistéir’ (baininsneach) mar leagan malartach de ‘limistéar’ in FGB.
- ³⁵ ‘i leith chomhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin i ndáil le gnóthais fhuinnimh aonair’, *in respect of ... the performance of the functions of the Commission in relation to individual energy undertakings* (alt 10A(6)(c) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna chur isteach le halt 7 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006).
- ³⁶ ‘coigiltis fuinnimh phríomhúil arna ríomh de réir mhíreanna 3 agus 4’, *primary energy savings calculated in accordance with paragraphs 3 and 4* (alt 2(1) den Acht thuasluaite ó 1999, arna chur isteach le halt 6(a)(ii) den Acht thuasluaite ó 2006).
- ³⁷ *energy and communications networks* (alt 23(2)(g) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000).
- ³⁸ ‘Taifid freastail scoile’, *School attendance records*, agus ‘luaíocht a thabhairt do mhic léinn a bhfuil taifid freastail scoile maithe acu’, *the rewarding of students who have good school attendance records* [i gcás ‘taifid freastail’], agus ‘na gnéithe sin den churaclam scoile ar dóigh dóibh ... éifeacht a bheith acu ar leibhéil freastail ... ar scoil’, *those aspects of the school curriculum that ... are likely to have an effect on attendance levels at ... school*, agus ‘maidir leis na leibhéil freastail ar an scoil sin le linn na scoilbhliana díreach roimhe sin’, *on the levels of attendance at that school during the immediately preceding school year* [i gcás ‘leibhéil freastail’] (teideal taoibhe alt 21, alt 22(2)(a), alt 10(1)(j) agus alt 21(6) den

Ag dul siar go dtí na nóchaidí dúinn, faighimid ‘feachtais fheasachta pobail’³⁹ agus ‘comhlachais fhoirne’⁴⁰ in Achtanna ón mbliain 1999 – is amhlaidh, áfach, go bhfaighimid leagan dísheimhithe den cheann deiridh sin, is é sin, ‘comhlachais foirne aitheanta’,⁴¹ in Achtanna ó na blianta 1997 agus 1998. Faighimid ‘searraigh folaíochta’ – an sampla tosaigh sa Chaighdeán Athbhreithnithe – in Acht ón mbliain 1999,⁴² agus faighimid ‘oifigigh freastail scoile’ in Acht ón mbliain 1998.⁴³ Mar shampla scoir ó na nóchaidí den séimhiú ar ‘f-’, féach ‘rialacháin fhoirgníochta’ in Acht ón mbliain 1990.⁴⁴

Sa Tábla seo a leanas cuirtear samplaí i láthair den séimhiú ar ‘f-’ ar lorg ainmfhocail fhirinscigh iolra sna hAchtanna ó na hochtóidí siar go dtí an tAcht tosaigh den Oireachtas, an tAcht um Bun-reacht Shaorstáit Éireann, 1922:

1988	‘caighdeáin fhoirgníochta tithe’ ⁴⁵
1987	‘ceanglais fhógra’, ⁴⁶ ‘láithreáin fhoirgníochta’ ⁴⁷
1986	‘brabúis fheirmeoireachta’ ⁴⁸

Acht Oideachais (Leas), 2000, faoi seach).

- ³⁹ ‘feachtais fheasachta pobail ... a shocrú’, *arranging public awareness campaigns* (alt 1(1) (b) i gCuid 2 d’Iarscríbhinn 2 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999).
- ⁴⁰ ‘tar éis dul i gcomhairle le ceardchumainn nó comhlachais fhoirne aitheanta lena mbaineann’, *following consultation ... with recognised trade unions or staff associations concerned* (alt 36(2) den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999).
- ⁴¹ *recognised staff associations* (alt 25(6) d’Acht na nOllscoileanna, 1997 [cf. an tAcht Oideachais, 1998, *passim*]) – ní hamhlaidh, ach oiread, gur ginideach lena ngabhann aidiacht atá ann agus gur dá thoradh sin nach bhfuil sé séimhithe.
- ⁴² ‘Tobhach ar shearraigh folaíochta’, *Thoroughbred foal levy* (teideal taoibhe alt 5 den Acht um Rásaíocht Capall agus Con (Táillí agus Tobhaigh Ghealltóireachta), 1999).
- ⁴³ ‘rochtain ar scoileanna ag oifigigh freastail scoile’, *access to schools by school attendance officers* (alt 33(h) den Acht Oideachais, 1998).
- ⁴⁴ ‘Rialacháin fhoirgníochta’, *Building regulations* (teideal taoibhe alt 3 den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990).
- ⁴⁵ *standards of construction of houses* (alt 3(3) d’Acht na dTithe, 1988) – tabhair do d’aire gur ginideach cáilithe atá anseo.
- ⁴⁶ ‘I gcás go mainneoidh úinéir suiteála amach ón gcósta ceanglais alt 11(4) den Acht seo, ceanglais fhógra faoi alt 26(3) den Acht seo ... a chomhlíonadh’, *In case the owner of an offshore installation fails to comply with the requirements of section 11(4) of this Act, of a notice under section 26(3) of this Act ...* (alt 34(1)(b) den Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha amach ón gCósta), 1987).
- ⁴⁷ ‘Rialú ar fheithiclí do dhul isteach go dtí láithreáin fhoirgníochta’, *Control of access to ... construction sites by vehicles* (teideal taoibhe alt 101C den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna chur isteach le halt 9 den Acht um Iompras Bhaile Átha Cliath (Díscaoileadh), 1987).
- ⁴⁸ ‘Cánachas ar Bhrabúis Fheirmeoireachta’, *Taxation of Farming Profits* (an ceannteideal ar Chaibidil 2 i gCuid 1 den Acht Airgeadais, 1986).

1985	‘foirgnimh fheirme’ ⁴⁹
1983	‘brabúis fheirmeoireachta’ ⁵⁰
1981	‘deontais fhostaíochta’, ⁵¹ ‘limistéir fheidhmiúcháin’ ⁵²
1980	‘leibhéil fhuaimne’, ⁵³ ‘ceadúnais fheithiclí trádála’ ⁵⁴
1979	‘feachtais fhógraíochta’ ⁵⁵
1978	‘caiteachais fhialachta’, ⁵⁶ ‘foirgnimh fheirme’ ⁵⁷
1977	‘caiteachais fhinné’ ⁵⁸
1970	‘príomh-oifigigh fheidhmiúcháin’ ⁵⁹

- ⁴⁹ ‘foirgnimh fheirme, clóis, poill sciodair nó sadhlais agus róid a dhéanamh ... ar an talamh’, *the construction ... of farm buildings, yards, slurry or silage pits and roadways on the land* (alt 2(2)(c)(ii)(vi) den Acht um Cháin Fheirme, 1985) – féach s.a. 1978 agus 1966, chomh maith.
- ⁵⁰ ‘Brabúis fheirmeoireachta a mhuirearú’, *Charge of farming profits* (teideal taoibhe alt 11 den Acht Airgeadais, 1983) – is mar seo a leanas a chuirtear tús le halt 11 féin: ‘Leasaítear leis seo Cuid I den Acht Airgeadais, 1974, maidir leis an mbliain 1983-84 agus blianta measúnachta dá éis, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 15: “Brabúis fheirmeoireachta le muirearú faoi Sceideal D...”’.
- ⁵¹ ‘Deontais fhostaíochta do thionscail seirbhíse’, *Employment grants to service industries* (teideal taoibhe alt 2 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Uimh. 2), 1981).
- ⁵² ‘An caiteachas a thabhoídh bord sláinte ... íocfaidh na húdaráis áitiúla é arbh údarais chúnaimh phoiblí iad agus arbh i limistéar feidhmiúcháin an bhord sláinte dá limistéir fheidhmiúcháin’, *The expenditure of a health board ... shall be paid by the local authorities which ... were public assistance authorities having their functional areas in the functional area of the health board* (alt 218(3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981) – faightear an téarma seo i gceithre Acht eile idir 1977 agus 1960 (féach ‘limistéir fheidhme’ thuas).
- ⁵³ ‘Déanfaidh áititheoir monarchan ... cibé bearta ... is iomchuí trí leibhéil fhuaimne a laghdú’, *The occupier of a factory ... shall ... take such steps ... as are appropriate ... by reducing sound levels* (alt 13(1) den Acht um Shábháilteacht i dTionscal, 1980).
- ⁵⁴ ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais fheithiclí trádála’, *Increase of excise duties on vehicle trade licences* (teideal taoibhe alt 92 den Acht Airgeadais, 1980) – ginideach cáilithe eile atá anseo.
- ⁵⁵ ‘feachtais phoiblíochta, fhógraíochta agus spreagtha a chur ar siúl ... sa Stát’, *provide ... publicity, advertising and promotional campaigns ... in the State* (alt 4(1)(g) den Acht um an gCóras Beostoic agus Feola, 1979).
- ⁵⁶ ‘caiteachais fhialachta a thabhaigh an duine inchánach’, *entertainment expenses incurred by the taxable person* (alt 12(3)(a)(ii) den Acht Cánach Breisluaicha, 1972, arna chur isteach le halt 10 den Acht Cánach Breisluaicha (Leasú), 1978).
- ⁵⁷ ‘hallaí pobail agus foirgnimh fheirme’, *community halls and farm buildings* (alt 12(2) den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978).
- ⁵⁸ ‘lena n-áirítear aon airgead is iníochta leis mar chaiteachais fhinné’, *including any moneys payable to him as witness’s expenses* (alt 110(1) sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977).
- ⁵⁹ ‘Príomh-oifigigh fheidhmiúcháin bord sláinte’, *Chief executive officers of health boards* (teideal taoibhe alt 13 den Acht Sláinte, 1970).



‘capaill fholaíochta’⁶⁰

1966 ‘foirgnimh fheirme’⁶¹

1959 ‘liúntais fhoirgníochta tionscail’⁶²

1957 ‘dliteanais fhearchéile’⁶³

1942 ‘costais fhínné’⁶⁴

1940 ‘ceadúnais fho-cheart’⁶⁵

1936 ‘baill fhostóirí’⁶⁶

⁶⁰ ‘eagrú díol capall seachas capaill fholaíochta a chur chun cinn’, *to promote the organisation of sales of horses other than thoroughbred horses* (alt 7(1)(h) den Acht um Thionscal na gCapall, 1970).

⁶¹ ‘de dhroim aon tógáil foirgnimh fheirme, cró, nó oifige dá dtagraítear san alt sin’, *consequent upon any such erection of farm, outhouse, or office buildings as is referred to in that section* (alt 2(a) den Acht Rialtais Áitiúil (Luacháil a Laghdú), 1966) – féach fonóta 76 thíos i dtaca leis seo.

⁶² ‘amháil mar atá feidhm acu maidir le liúntais fhoirgníochta tionscail do bhlianta measúnachta dar tosach an 6ú lá d’Aibreán, 1959’, *as they apply in relation to industrial building allowances for years of assessment beginning on ... the 6th day of April, 1959* (alt 24(4) den Acht Airgeadais, 1959) – arís, is ginideach cáilithe atá anseo.

⁶³ ‘Acht do Comhdhlúthú ... an Dlí a bhaineas ... le Dliteanais Fhearchéile’, *An Act to Consolidate ... the Law relating to ... the Liabilities of Husbands* (teideal fada an Achta um Stádas Ban Pósta, 1957).

⁶⁴ ‘agus aon airgead is iníochta leis mar chostais fhínné d’áireamh’, *including any moneys payable to him as witness’s expenses* (alt 38(2)(b) d’Acht an Reifrinn, 1942).

⁶⁵ ‘Iarratais ar cheadúnais fho-cheart’, *Applications for ancillary rights licences* (teideal taoibhe alt 40 den Acht Forbairte Minearál, 1940).

⁶⁶ ‘trí baill (dá ngairmtear baill fhostóirí san Acht so) a cheapfaidh an tAire sa tslí foráltar leis an Acht so’, *three members (in this Act referred to as employers’ members) appointed, in the manner provided by this Act by the Minister* (alt 6(1)(c) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta agus um Pinsin do Bhaintreacha agus do Dhílleachtaithe, 1936).

1935	‘báid fheastail’ ⁶⁷
1932	‘pinsin fhear pósta’ ⁶⁸
1930	‘oifigh fheastail’, ⁶⁹ ‘báid fheastail’ ⁷⁰
1927	‘comharchumainn fheirmeoireachta’ ⁷¹
1922	‘meastacháin fháltais’ ⁷²

Is díol suntais é, áfach, ag cur san áireamh nach bhfuil aon ní sa Chaighdeán Oifigiúil faoi dhíshéimhiú ‘f’ tosaigh, a oiread samplaí den easpa séimhithe ar ‘f-’ ar lorg ainmfhocal iolra dar críoch consan caol a fhaighimid sna hAchtanna ó na hochtóidí siar. I gcomórtas le ‘limistéir feidhmiúcháin’ sa Tábla sin thuas, a fhaightear i gcúig Acht, idir 1981 agus 1960, faighimid ‘limistéir feidhmiúcháin’ i seacht nAcht, idir 1988⁷³ agus 1960 – féach ‘limistéir feirmeoireachta’, chomh maith, in Ionstraim Reachtúil ón mbliain 1981.⁷⁴ Faighimid samplaí de ‘liúntais foirgneamh feirme’ in Achtanna ó na blianta 1988, 1982, 1980 agus 1976.⁷⁵

⁶⁷ ‘chun íochta na gcostaisí is ionchurtha le ceart i gcoinnibh ioncuim agus a bhainfidh le bád freastail no báid fheastail ... do chur ar fáil’, *in payment of the expenses properly chargeable to revenue of the provision ... of a tender or tenders* (alt 45(2) d’Acht Chuan na Gaillimhe, 1935).

⁶⁸ ‘Na pinsin uile (ar a n-áirmhítear pinsin fhear pósta) a deonfar fén gCuid seo den Acht so’, *All pensions (including married pensions) granted under this Part of this Act* (alt 15(1) den Acht Arm-Phinsean, 1932) – arís, is ginideach cáilithe atá anseo.

⁶⁹ ‘Oifigh fheastail’, *Attendance officers* (teideal taoibhe alt 74 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930).

⁷⁰ ‘Féadfaidh na Coimisinéirí ... bád freastail no báid fheastail do chur ar fáil’, *The Commissioners may ... provide ... a tender or tenders* (alt 4 den Ordú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Daingnithe Orduithe Shealadaigh um Piara agus Cuan, 1930).

⁷¹ ‘Faoiseamh do chomharchumainn fheirmeoireachta’, *Relief to co-operative farming societies* (teideal taoibhe alt 7 den Acht Airgid, 1927).

⁷² ‘meastacháin fháltais agus chaiteachais Shaorstáit Éireann i gcóir na bliana san’, *the Estimates of receipts and expenditure of the Irish Free State ... for that year* (Airteagal 36 de Bhunreacht Shaorstáit Éireann, sa Sceideal tosaigh a ghabhann leis an Acht um Bun-reacht Shaorstáit Éireann, 1922).

⁷³ ‘I gcás foirgneamh a bheith suite go páirteach i limistéar feidhmiúcháin údaráis áitiúil amháin agus go páirteach i limistéar feidhmiúcháin údaráis áitiúil eile, measfar ... é bheith i limistéir feidhmiúcháin gach údaráis díobh’, *Where a building is situate partly in the functional area of one local authority and partly in that of another it shall ... be regarded as being in the functional areas of each of them* (alt 1(2) den Acht Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilstóreacha), 1988).

⁷⁴ ‘chun forbairt talmhaíochta a spreagadh i limistéir feirmeoireachta nach bhfuil bail ar fón-amh orthu i Réigiún an Iarthair’, *for the stimulation of agricultural development in the less-favoured farming areas of the Western Region* (Nóta Míniúcháin a ghabhann leis na Rialacháin um Rialacháin na dTithe, 1980 (Leasú) (Uimh. 2), 1981 [I.R. Uimh. 185 de 1981]).

⁷⁵ Féach, mar shampla, ‘liúntais foirgneamh feirme’, *farm buildings allowances* (alt 22(2)(b))

Faightear ‘foirgnimh feirme’, a tugadh roimhe seo thuas as Achtanna a achtaíodh le blianta beaga anuas, in Acht ón mbliain 1983 agus in Achtanna roimhe sin arís, chomh maith.⁷⁶ Agus faightear ‘brabúis feirme’ in Acht ón mbliain 1981,⁷⁷ maille le ‘brabúis feirmeoireachta’ in Achtanna ó 1982⁷⁸ siar go 1974.⁷⁹ Faighimid ‘teaghlaiigh feirme’ in Acht ón mbliain 1977,⁸⁰ ‘cailteanais feirme’ in Acht ón mbliain 1974⁸¹ agus ‘comharchumainn feirmeoireachta’ in Acht ón mbliain

den Acht Airgeadais, 1974, arna ionadú le halt 70 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Corparáide, 1976).

⁷⁶ ‘Leasú ar alt 22 (foirgnimh feirme: liúntais chaipitiúla) den Acht Airgeadais, 1974’, *Amendment of section 22 (farm buildings: capital allowances) of Finance Act, 1974* (teideal taoibhe alt 15 den Acht Airgeadais, 1983) – cf. alt 93(1) den Acht Airgeadais, 1982; teideal taoibhe alt 18 den Acht Leasa Shóisialaigh, 1979; alt 19(1) den Acht um Cháin Fháltas Caipitiúil, 1976; alt 10(4) den Acht Cánach Rachmais, 1975; alt 22(2) den Acht Airgeadais, 1974 (agus an fo-alt sin arna chur isteach le halt 27 den Acht Airgeadais, 1980, agus le halt 70 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Corparáide, 1976, agus le halt 18(1) den Acht Airgeadais, 1975); alt 23(1)(a) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus mír 3(1) i gCuid 11 den Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais (Dleachtanna Máil) (Feithiclí), 1952, arna cur isteach le halt 17(7) den Acht Airgeadais, 1966. Féach fonótaí 26 agus 27 i gcomhair na samplaí as na hAchtanna ó na blianta 2009 agus 2007, faoi seach.

I dtaca le hAcht ón mbliain 1960, cé go bhfuil ‘foirgneamh’ faoi réir ag ‘tógáil’, dealraíonn sé gur foirm an ainmnigh iolra de ‘foirgneamh’ atá anseo, agus í faoi shéimhiú, seachas foirm an ghinidigh uatha: ‘I gcás ... ina mbeidh alt 14 den *Valuation (Ireland) Act, 1852*, le cur i bhfeidhm de dhroim aon tógáil fhoirgnimh feirme, cró, nó oifige dá dtagraítear san alt sin’, *In a case in which ... section 14 of the Valuation (Ireland) Act, 1852, falls to be applied consequent upon any such erection of farm, outhouse, or office buildings as is referred to in that section* (alt 2 den Acht Rialtais Áitiúil (Luacháil a Laghdú go Sealadach), 1960); díol suntais go bhfuil leagan den abairt sin in Acht ón mbliain 1966 ina bhfuil ‘feirm’ faoi shéimhiú sa ghinideach – tugtar an sampla sin i bhfonóta 61 thuas.

⁷⁷ ‘Meán a thógáil ar bhrabúis feirme’, *Averaging of farm profits* (teideal taoibhe alt 10 den Acht Airgeadais, 1981).

⁷⁸ ‘Cánachas ar Bhrabúis Feirmeoireachta’, *Taxation of Farming Profits* (ceannteideal Chaibidil II san Acht Airgeadais, 1982).

⁷⁹ ‘Brabúis feirmeoireachta le muirearú faoi Sceideal D’, *Farming profits to be charged under Schedule D* (teideal taoibhe alt 15 den Acht Airgeadais, 1974) – cf. ‘Leathnú ar an muirear cánach ar bhrabúis feirmeoireachta’, *Extension of tax charge on farming profits* (teideal taoibhe alt 22 den Acht Airgeadais, 1980), agus ‘An muirear cánach ar bhrabúis feirmeoireachta a leathnú’, *Extension of tax charge on farming profits* (teideal taoibhe alt 13 den Acht Airgeadais, 1979); féach, chomh maith, teideal taoibhe alt 11 agus alt 12 den Acht Airgeadais, 1977, faoi seach: ‘Teorainn leis an méid cánach a mhuirearófar ar bhrabúis feirmeoireachta áirithe’, *Limit on amount of tax to be charged on certain farming profits*, agus ‘Brabúis feirmeoireachta a mheasúnú do 1977-78’, *Assessment of farming profits for 1977-78*.

⁸⁰ ‘chun cabhrú le teaghlaiigh feirme’, *to assist farm families* (alt 15(a) d’Acht an Údaráis Náisiúnta um Chomhairle, Oideachas agus Taighde Talmhaíochta, 1977).

⁸¹ ‘Cánachas ar Bhrabúis Feirmeoireachta, Forálacha maidir le Cailteanais Áirithe Feirme ...’, *Taxation of Farming Profits, Provisions in Respect of Certain Farm Losses ...* (ceannteideal Chaibidil II den Acht Airgeadais, 1974).

1967.⁸² Faighimid ‘rannáin áirithe fostaíochta’ in Acht ón mbliain 1969⁸³ agus ‘pinsin fear pósta’ in Acht ón mbliain 1960,⁸⁴ murab ionann agus ‘pinsin fhear pósta’ a tugadh thuas as Acht ón mbliain 1932. Agus faighimid ‘iascaigh fíoruise’ in Acht ón mbliain 1961⁸⁵ agus ‘iascaigh faochan’ in Acht ón mbliain 1959.⁸⁶ Is amhlaidh go bhfuil sampla de ‘liúntais foirgníochta tionscail’⁸⁷ le fáil san Acht céanna ón mbliain 1959 ónar tugadh ‘liúntais fhoirgníochta tionscail’ sa Tábla thuas. Faighimid ‘coin folaíochta’ in Acht ón mbliain 1958⁸⁸ agus ‘báid freastail’ in Acht ón mbliain 1946.⁸⁹ Agus, mar shampla scoir anseo, féach ‘cumaisc fospuir’ in Acht ón mbliain 1934.⁹⁰

Séimhiú ar ‘f-’ ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha sa ghinideach

Mar a chonaiceamar i gCaibidil 13 thuas, faightear samplaí sna hAchtanna den séimhiú ar ‘f-’ ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha sa ghinideach, chomh maith, agus tugtar na samplaí sin, i dteannta samplaí eile, ar aird sa Tábla seo a leanas:

⁸² ‘Faoiseamh do chomharchumainn feirmeoireachta’, *Relief to farming co-operative societies* (teideal taoibhe alt 45 den Acht Cánach Ioncaim, 1967).

⁸³ *particular sections of employment* (alt 4 den Acht um Institiúid Innealtóirí Sibhialta na hÉireann (Cairt a Leasú), 1969).

⁸⁴ ‘Le haghaidh Pinsin Chréachta agus Mhíchumais, Pinsin Bhreise agus Pinsin Fear Pósta’, *For Wound and Disability Pensions, Further Pensions and Married Pensions* (Vóta Uimh. 52 i gCuid II de Sceideal B a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 1960) – cf. Caibidil 10 thuas i dtaca leis an ainmfhocal cáilithe sa ghinideach.

⁸⁵ ‘Forálacha Ilghnéitheacha maidir le hIascaigh Bhradán agus le hIascaigh Fíoruise’, *Miscellaneous Provisions in relation to Salmon and Freshwater Fisheries* (an ceanteideal ar Chuid XI sa Tábla a ghabhann le hAcht Iascaigh an Fheabhail (Leasú), 1961).

⁸⁶ ‘Sroichfidh agus folóidh ailt 246 go 253 leapacha diúilicíní agus iascaigh dhiúilicíní, leapacha faochan agus iascaigh faochan’, *Sections 246 to 253 shall extend to and include mussel beds and mussel fisheries, periwinkle beds and periwinkle fisheries* (alt 281(2) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959).

⁸⁷ ‘Maidir le liúntais foirgníochta tionscail in aghaidh blianta measúnachta dar tosach an 6ú lá d’Aibreán, 1959’, *In relation to industrial building allowances for years of assessment beginning on ... the 6th day of April, 1959* (alt 73(4) den Acht Airgeadais, 1959).

⁸⁸ ‘Déanfaidh ... Coiste Feidhmiúcháin an Chlub rialacha ... do rialú ... coin folaíochta a chlárú i Leabhar na gCon agus coin folaíochta a aithint agus a mharcáil’, *The Executive Committee of the Club shall make ... rules ... governing ... the registration of thoroughbred greyhounds in the Irish Greyhound Stud Book and the identification and marking of thoroughbred greyhounds* (alt 16(i) sa Sceideal a ghabhann le hAcht Tionscail na gCon, 1958) – is ‘cúnna’ a thugtar mar fhoirm iolra ‘cú’ (firinsneach, an ceathrú díochlaonadh) san fhoclóirín a ghabhann leis an gCaighdeán Oifigiúil; tugtar an fhoirm ‘coin’ mar leagan malartach de thabharthach uatha agus d’ainmneach iolra ‘cú’ i bhFoclóir Uí Dhónaill.

⁸⁹ ‘Báid freastail, etc., a chur ar fáil’, *Provision of tenders, etc.* (teideal taoibhe alt 49 den Acht Cuanta, 1946).

⁹⁰ ‘Próiseas ar bith gur gá fospar no ullmhóidí no cumaisc fospuir d’úsáid ann’, *Any process involving the use of phosphorus or its preparations or compounds* (an Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chúiteamh do Lucht Oibre, 1934).

2006	‘inchothaitheacht an tsoláthair fhuinnimh’ ⁹¹
1989	‘de chuid cumainn fhoirgníochta’ ⁹²
1985	‘pórú stoic fholaíochta’ ⁹³
1983	‘díol beostoic fholaíochta fheirme’ ⁹⁴
1981	‘d’éagmais deontais fhostaíochta’ ⁹⁵
1980	‘forbairt a limistéir fheidhme’ ⁹⁶
1978	‘táirgeadh an chumainn fhéichiúnais’ ⁹⁷
1977	‘chun an bhoird fheidhmiúcháin’ ⁹⁸

⁹¹ Is amhlaidh go bhfaighimid sampla den easpa séimhithe agus den séimhiú ar aon, díreach roimh agus i ndiaidh na habairte sin, faoi seach: ‘féadfar aird a thabhairt ar na saincheistean seo a leanas ... (i) slándáil an tsoláthair fuinnimh ... (ii) inchothaitheacht an tsoláthair fhuinnimh ... (iii) iomaíochas an tsoláthair fhuinnimh’, *such general policy directions may have regard to the following issues ... (i) security of energy supply ... (ii) sustainability of energy supply ... (iii) competitiveness of energy supply* (alt 10A(1)(b) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna chur isteach le halt 7 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006).

⁹² ‘ar aon dul le gnó de chuid sealbhóra den sórt sin nó de chuid cumainn fhoirgníochta atá corpraithe go cuí sa Stát’, *similar to the business of such a holder or a building society duly incorporated in the State* (alt 73(1)(a) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1989).

⁹³ ‘[ní dhéanfar na brabúis nó na gnóchain ...] chun páirt-úinéir staile, a choinnítear de ghnáth ar thalamh lasmuigh den Stát, ó staileáil láracha ag an stail ... a dhíol i gcás ina seolann an páirt-úinéir trádáil sa Stát arb éard í ... pórú stoic fholaíochta’, *[the profits or gains arising ...] to the part-owner of a stallion which is ordinarily kept on land outside the State from the sale of services of mares by the stallion ... where the part-owner carries on in the State a trade which consists of ... bloodstock breeding* (alt 18(2)(b)(ii) den Acht Airgeadais, 1969, arna ionadú le halt 14(1) den Acht Airgeadais, 1985).

⁹⁴ ‘seirbhísí a sholáthraítear i gcúrsa pórú, clárú agus díol beostoic fholaíochta fheirme a chur chun cinn’, *services provided in the course of promoting the breeding, registration and sale of pedigree breeds of farm livestock* (mír 2 i gCuid 1 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1978, arna cur isteach le halt 34 den Acht Airgeadais, 1983) – tá an dá fhocal dar tús ‘f’ anseo faoi réir ag an ainmfhocal sa ghinideach.

⁹⁵ ‘... nach ndéanfaí é a fhorbairt d’éagmais deontais fhostaíochta’, *... would not be developed in the absence of an employment grant* (alt 2(2)(c) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Uimh. 2), 1981).

⁹⁶ ‘beidh aird aige ar phleanáil agus ar fhorbairt chúí a limistéir fheidhme’, *a local authority shall have regard to the proper planning and development of its functional area* (alt 7(2) den Acht Corr-Thrádála, 1980).

⁹⁷ ‘ní bheidh an cumann féichiúnais féin ag gabháil do mhiondíol aon earraí nach de tháirgeadh an chumainn fhéichiúnais ná de tháirgeadh a chomhaltaí’, *the debtor society shall not itself engage in ... the selling by retail of any goods which are neither produced by the debtor society or its members* (alt 61(1)(c) den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978).

⁹⁸ ‘Féadfaidh an Bord Rialtóirí údarás a tharmligean chun an Bhoird Fheidhmiúcháin’, *The Board of Governors may delegate to the Executive Board authority* (alt 2(b) d’Airteagal XII sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 1977).

1971	‘gnó cumainn fhoirgníochta’ ⁹⁹
1970	‘i dteannta an phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin’, ¹⁰⁰ ‘dualgais príomh-oifigigh fheidhmiúcháin’ ¹⁰¹
1960	‘oifig phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin’ ¹⁰²
1959	‘méid an liúntais fhoirgníochta thionscail’ ¹⁰³
1958	‘feidhmeanna an údaráis fhorfheidhmiúcháin’ ¹⁰⁴
1953	‘cuntais stoic fholaíochta’ ¹⁰⁵
1936	‘an tAcht Údaráis Fheidhmiúcháin (Caidreamh Coigríche), 1936’ ¹⁰⁶
1934	‘sealbhóir ceadúnais fhásóra’ ¹⁰⁷
1933	‘deonú an cheadúnais fheithicle seirbhíse poiblí’, ¹⁰⁸ ‘sealbhóir ceadúnais fhranncaigh mhuisic’, ¹⁰⁹ ‘máistir aon bháid fhreastail’ ¹¹⁰

⁹⁹ ‘aon duine a sheolann gnó cumainn fhoirgníochta, gnó cumainn thionscail agus choigiltis, gnó cumainn chreidmheasa’, *any person who carries on the business of a building society, an industrial and provident society, a credit union* (alt 18(1) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971).

¹⁰⁰ ‘I dteannta an phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin’, *In addition to the chief executive officer* (alt 14(1) den Acht Sláinte, 1970).

¹⁰¹ ‘go bhfuil sé éirithe neamhábalta ar dhualgais príomh-oifigigh fheidhmiúcháin a chomhlíonadh’, *that he has become incapable of performing the duties of chief executive officer* (alt 21(5) den Acht Sláinte, 1970).

¹⁰² *the office of chief executive officer* (alt 18(1) den Acht um Údaráis Sláinte, 1960).

¹⁰³ ‘méid an liúntais fhoirgníochta thionscail a tugadh dó’, *the amount of the industrial building allowance ... made to him* (alt 26(5) den Acht Airgeadais, 1959).

¹⁰⁴ ‘Féadfaidh údarás forfheidhmiúcháin a údarú d’aon duine dá oifigigh ... gníomhú mar chigire chun críocha feidhmeanna an údaráis fhorfheidhmiúcháin sin faoin Acht seo’, *An enforcing authority may authorise any of its officers ... to act as an inspector for the purposes of its functions under this Act* (alt 27(1) den Acht um Áitribh Oifige, 1958).

¹⁰⁵ ‘Cuntais stoic fholaíochta’, *Bloodstock accounts* (teideal taoibhe alt 3 den Acht Graí Náisiúnta, 1953).

¹⁰⁶ *Executive Authority (External Relations) Act, 1936.*

¹⁰⁷ ‘maran sealbhóir ceadúnais fhásóra an duine sin’, *unless such person is the holder of a grower’s licence* (alt 18(1) den Acht Tobac, 1934).

¹⁰⁸ ‘tuigfear an bhliain do thosnú cothrom lae dheonta an cheadúnais fheithicle seirbhíse poiblí gur ina thaobh a bheidh an táille sin iníochta’, *the year shall be deemed to commence on the anniversary of the grant of the public service vehicle licence in respect of which such fee is payable* (alt 88(2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1933).

¹⁰⁹ ‘Má gheibheann sealbhóir ceadúnais fhranncaigh mhuisic bás’, *Where the holder of a muskrat licence dies* (alt 16 d’Acht na bhFranncach Muisic, 1933).

¹¹⁰ ‘beidh máistir ... aon bháid fhreastail tré n-a dtabharfar paisnéirí ar bórd an ghaltáin ciontach i gcionta ... freisin’, *the master ... of any tender by means of which passengers are taken on board the steamer shall also be guilty of an offence* (alt 14(2)(a) den Acht Loingis Cheannaíochta (Convinsiúin um Shábhaltacht agus um Ualach-Líne), 1933).

1930 ‘dualgas an údaráis fheidhmiúcháin’,¹¹¹ ‘ar son an tsaghais chéanna báid fhreastail’,¹¹² ‘ar agra oifigigh fhreastail’,¹¹³ ‘síniú oifigigh fhreastail’¹¹⁴

1922 ‘feidhmiú an údaráis fheidhmiúcháin’¹¹⁵

Ar ndóigh, mar a bheifí ag súil leis tar éis na samplaí as na hAchtanna den easpa séimhithe i gcoitinne ar lorg an ghinidigh d’ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol a chonaiceamar i gCaibidil 13, faightear samplaí, chomh maith, sna hAchtanna den easpa séimhithe ar ‘f-’ ar lorg an ghinidigh den ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol, go háirithe sna cinn a achtaíodh sa chéad seo. Féach ‘chun críocha ... cúnaimh feirme’ in Acht ón

¹¹¹ ‘Dualgas an údaráis fheidhmiúcháin’, *Duty of enforcing authority* (teideal taoibhe alt 88 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930).

¹¹² ‘Ach amháin gur mar a chéile i gcomhnaí a héileofar na rátaí ... sin ar chách ar son an tsaghais chéanna báid fhreastail’, *Provided that such rates ... shall at all times be charged equally to all persons in respect of the same description of tender* (alt 5(1) den Ordú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Daingnithe Orduithe Shealadaigh um Piara agus Cuan, 1930) – féach an séimhiú ar an nginideach de ‘freastal’ ar lorg an ghinidigh uatha de ‘ordú’ san fho-alt seo a leanas: ‘Aon táillí bheidh iníoctha ag prínitiseach ... maidir le cúrsa teagaisc a bheidh aige á fhreastal de bhuaadh orduithe fhreastail’, *Any fees which may be payable ... by an apprentice in respect of a course of instruction which he is attending in pursuance of an attendance order* (alt 26(6) den Acht Prínitiseachta, 1931).

¹¹³ ‘Féadfar cúiseamh i gcionta ... do bhunú ... ar agra oifigigh fhreastail ar bith d’údarás fheidhmiúcháin mar chúisitheoir’, *A prosecution for an offence ... may be instituted ... at the suit of any attendance officer of an enforcing authority as prosecutor* (alt 76 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930) – tabhair do d’aire an séimhiú ar an nginideach de ‘freastal’ ar lorg an ghinidigh d’ainmfhocal nach ainmfhocal firinsneach dar críoch consan caol é in ‘údarás an líomataíste fhreastail scoile’ in Acht ón mbliain 1926: ‘go bhfios d’údarás fheidhmiúcháin an líomataíste fhreastail scoile ina gcomhnuíonn an leanbh’, *so far as is known to the enforcing authority of the school attendance area in which the child resides* (alt 17(1) den Acht Freastal Scoile, 1926).

¹¹⁴ ‘Is leor mar dheimhniú ar dhílse gach fógra ... do bhéarfar amach ... ag údarás feidhmiúcháin signiú oifigigh fhreastail don údarás san do bheith ortha’, *All notices ... issued ... by an enforcing authority shall be sufficiently authenticated by the signature thereon of an attendance officer of such authority* (alt 90 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930); féach an séimhiú ar an nginideach de ‘freastal’ in alt 65(3) den Acht céanna: ‘beidh gach ball den Ghárda Síochána tré n-a bhfeidhmeofar na feidhmeanna san amhlaidh ina oifigeach fhreastail don údarás fheidhmiúcháin sin’, *every member of the Garda Síochána by or through whom such functions are so exercised shall ... be an attendance officer of such enforcing authority*; tabhair do d’aire, chomh maith, an séimhiú ar lorg foirme a leanann ‘mar’ in alt 74(2): ‘Le linn dó bheith ag feidhmiú aon údaráis ... fén gCuid seo den Acht so mar oifigeach fhreastail do ceapadh fén alt so’, *Every attendance officer appointed under this section shall when exercising any authority ... under this Part of this Act as such officer*.

¹¹⁵ *the exercise of the Executive Authority* (alt 51 de Bhunreacht Shaorstáit Éireann sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bun-reacht Shaorstáit Éireann, 1922) – féach lch 144-5 i dtaca leis an séimhiú ar lorg ‘údaráis’ agus é sin mar fhoirm an ainmnigh iolra de ‘údarás’.

mbliaín 2008,¹¹⁶ ‘i gcás cúnaímh feirme’¹¹⁷ in Acht amháin ón mbliaín 2007 agus ‘faoiseamh comhdhlúthúcháin feirme’ in Acht eile ón mbliaín sin.¹¹⁸ San Acht céanna ón mbliaín 2006 ónar tugadh ‘inchothaitheacht an tsoláthair fhuinnimh’ sa Tábla thuas, is amhlaidh go bhfaighimid an abairt dhíshéimhithe ‘slándáil an tsoláthair fuinnimh’,¹¹⁹ chomh maith.¹²⁰ Faighimid ‘pleanáil a limistéir feidhme’ in Acht ón mbliaín 2000,¹²¹ i gcomórtas le ‘forbairt a limistéir fheidhme’ thuas, agus faighimid ‘iomlán a limistéir feidhmiúcháin’ in Acht ón mbliaín 1960.¹²² Faightear ‘úinéir searraigh folaíochta’ in Acht amháin ón mbliaín 1999,¹²³ agus ‘úsáid foirgnimh feirme’¹²⁴ agus ‘méid an chúnaímh feirme’ araon in Acht eile ón mbliaín sin.¹²⁵ Faightear ‘i leith an fhoirgnimh feirme’ in Acht amháin ón mbliaín

¹¹⁶ ‘arna ríomh ... chun críocha liúntais cuardaitheora poist ... nó cúnaímh feirme’, *calculated ... for the purposes of jobseeker’s allowance ... or farm assist* (Riail 1(1) i gCuid 2 de Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna hionadú le halt 23 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008).

¹¹⁷ *in the case of farm assist* (Riail 1(1) i gCuid 2 de Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna cur isteach le halt 35(a) den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2007).

¹¹⁸ ‘Faoiseamh breise comhdhlúthúcháin feirme’, *Further farm consolidation relief* (teideal taoibhe alt 104 den Acht Airgeadais, 2007).

¹¹⁹ Féach fonóta 91 thuas.

¹²⁰ Más amhlaidh nach bhfuil an ginideach de ‘foirgneamh’ faoi réir ag ‘deimhnithe’ ach ag an nginideach de ‘fuinneamh’ in ‘deimhnithe rátála fuinnimh foirgnimh’, *building energy rating certificates* (alt 6(2)(b)(ii) den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990, arna chur isteach le halt 5(e) den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007), tá an abairt sin le háireamh mar shampla eile den díshéimhiú ar ‘f-’ ar lorg an ghinidigh uatha – tabhair do d’aire gur i liosta de dheimhnithe a fhaightear an tagairt sin do na deimhnithe áirithe sin.

¹²¹ ‘go bhfoirgneofar ... aon déanmhais ... is dóigh leis is gá ar mhaithe le pleanáil chuí ... a limistéir feidhme’, *the construction ... of any structures ... appearing to it to be needed for the proper planning ... of its functional area* (alt 211(1)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000).

¹²² ‘ag comhlíonadh feidhmeanna iomchuí gach údaráis ar leithligh maidir le hiomlán a limistéir feidhmiúcháin’, *in the performance of the relevant functions of each authority as respects the whole of their functional area* (alt 22(4)(a) den Acht um Údaráis Sláinte, 1960).

¹²³ ‘Déanfaidh úinéir searraigh folaíochta a bheidh cláraithe i ngraíleabhar tobhach a íoc’, *Levy shall be paid by the owner of a thoroughbred foal registered in a stud-book* (alt 38A(2) den Acht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann, 1994, arna chur isteach le halt 5 den Acht um Rásaíocht Capall agus Con (Táillí agus Tobhaigh Ghealltóireachta), 1999).

¹²⁴ ‘seachas úsáid tí cónaithe, nó foirgnimh feirme ar úinéireacht agus ar áitiú’, *other than the use of a domestic dwelling, or farm building owned and occupied* (alt 1(1)(a) i gCuid IV den Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, arna chur isteach le halt 16 den Acht Leasa Shóisialaigh, 1999).

¹²⁵ ‘méid an chúnaímh feirme ... a bheadh iníoctha leis an bhfeirmeoir faoin gCaibidil seo’, *the amount of farm assist ... that would be payable to the farmer* (alt 191M(1)(b) i gCaibidil 13 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, arna chur isteach le halt 15 den Acht Leasa Shóisialaigh, 1999).

1978¹²⁶ agus ‘scéim nuachóiriúcháin feirmeacha’ in Acht eile ón mbliain sin.¹²⁷ Agus féach, mar shamplaí scoir anseo, ‘máistir aon bháid freastail’, in Acht ón mbliain 1952,¹²⁸ i gcomórtas le ‘máistir aon bháid fhreastail’ a tugadh sa Tábla thuas as Acht ón mbliain 1933, agus ‘síniú oifigigh freastail’, a fhaightear san Acht céanna ón mbliain 1930 as ar tugadh ‘síniú oifigigh fhreastail’ sa Tábla thuas.¹²⁹

Séimhiú ar ‘f-’ ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha

Is amhlaidh gur lú go mór é líon na samplaí de ‘f’ tosaigh faoi séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha ar tháinig mé orthu sna hAchtanna ná na samplaí ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh.¹³⁰ Ar na samplaí sin tá ‘an obair fhoirgníochta’ in Acht ón mbliain 2010¹³¹ agus ‘obair fhiacloireachta’ in Acht ón mbliain 1985.¹³² Faightear ‘cáin fheirme’ in Achtanna ó 1988 go 1986.¹³³ Féach,

¹²⁶ ‘inchurtha i leith an halla pobail nó an fhoirgnimh feirme’, *attributable to the community hall or farm building* (alt 2(1)(d) den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978).

¹²⁷ ‘oibreacha a mbíonn ceannaitheoirí na n-ábhar sin cáilithe chun deontais ina leith faoi Scéim Nuachóiriúcháin Feirmeacha’, *works in respect of which the purchasers of the materials qualify for grants under the Farm Modernisation Scheme* (alt 1(a)(iii) i gCuid I den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1978).

¹²⁸ ‘beidh ... máistir aon bháid freastail a thug paisnéirí ar bord an ghaltáin ciontach i gcion faoin alt seo’, *the ... master of any tender by means of which passengers have been taken on board the steamer shall be guilty of an offence under this section* (alt 26(4)(a) den Acht Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiún Sábháltachta), 1952).

¹²⁹ ‘Is leor mar dheimhniú ar dhílse gach foláraithe ... agus scríbhinn eile do bhéarf ar amach ... ag údarás feidhmiúcháin síghniú oifigigh freastail don údarás san do bheith ortha’, *All warnings ... and other documents issued ... by an enforcing authority shall be sufficiently authenticated by the signature thereon of an attendance officer of such authority* (alt 75 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930).

¹³⁰ Faoi mar atá ráite agam roimhe seo thuas, agus samplaí den séimhiú agus den easpa séimhithe ar ‘f-’ á gcuardach sna hAchtanna agam, bhí aird ar leith agam ar na focail dar tús ‘f’ in eiseamláirí an Chaighdeáin Athbhreithnithe den easpa séimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol – i.e., ‘searraigh foláíochta’, ‘beithígh feirme’ agus ‘botháin freastail’; chomh maith leis sin, i dtaca le samplaí fánacha a thugtar sa chaibidil seo den séimhiú ar ‘f-’, tháinig mé ar an gcuid is mó díobh agus mé ag lorg samplaí den séimhiú i ndiaidh an ainmfhocail fhirinscnigh dar críoch consan caol do chaibidlí eile sa Chuid seo den staidéar.

¹³¹ ‘an obair fhoirgníochta, athchóirithe nó athfheistithe ar an áitreabh cáilitheach’, *the construction, conversion or refurbishment work on the qualifying premises* (alt 843A(6) (a)(ii) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 26(e) den Acht Airgeadais, 2010 – cf. alt 11(3)(d) den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990).

¹³² ‘aon duine do dhéanamh obair fhiacloireachta faoi mhaoirseacht fiacloira chláráithe’, *the performance of dental work under the supervision of a registered dentist by any person* (alt 51(2)(d) d’Acht na bhFiacloirí, 1985) – pléifear an easpa séimhithe ar an nginideach de ‘fiacloir’ san abairt sin ar ball anseo.

¹³³ ‘féadfaidh sé a éileamh go ndéanfaí a cháin ioncain maidir le brabúis ... ó fheirmeoireacht do na blianta 1985-86 agus 1987-88 a laghdú den mhéid ar mó an cháin fheirme a d’íoc sé amhlaidh ná an cháin is iomchuí do na brabúis ... ó fheirmeoireacht i ndáil leis an bpearsa

chomh maith, mar a chonaiceamar i gCaibidil 10 roimhe seo thuas, an séimhiú ar ‘fóntais’ i ndiaidh ‘cuideachta’, agus i ndiaidh ‘obair’, chomh maith, d’ainneoin ‘fóntais’ a bheith cáilithe, in ‘cuideachta fhóntais phoiblí’¹³⁴ agus in ‘obair fhóntais phoiblí’¹³⁵ faoi seach, in Achtanna ó na blianta 1976 agus 1940, faoi seach. Agus féach arís an séimhiú ar ‘formhuinithe’ d’ainneoin é a bheith sa ghinideach iolra faoi réir ag cnuasainm in ‘trí shraith fhormhuinithe’,¹³⁶ in Acht ón mbliain 1961. Mar shampla scoir anseo, féach ‘obair fheirme’ in Acht ón mbliain 1936.¹³⁷

Le roinnt samplaí den easpa séimhithe ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha a thabhairt anseo, faighimid ‘tréimhse freastail’ in Achtanna ó na blianta 2008¹³⁸

aonair sin don bhliain 1986-87’, *he may claim to have his income tax in respect of profits ... from farming for the years 1985-86 and 1987-88 reduced by the amount by which the farm tax so paid by him exceeds the tax appropriate to the profits ... from farming in relation to that individual for the year 1986-87* (alt 5(1) den Acht Airgeadais, 1988); ‘tagairtí do phearsa aonair a bheith faoi dhliteanas cáin fheirme a íoc ar dháta i mbliain mheasúnachta’, *references to an individual being liable for the payment of farm tax on a date within a year of assessment* (alt 32(b) den Acht Airgeadais, 1987), agus ‘mura ndéanann gach duine a dhlíonn amhlaidh an cháin fheirme sin a íoc a chuid ar leith den cháin fheirme sin a íoc’, *if each person so liable for payment of such farm tax does not pay his separate share of that farm tax* (alt 16(1)(c)(ii) den Acht Airgeadais, 1986).

¹³⁴ ‘ciallaíonn “cuideachta fhóntais phoiblí” cuideachta a sheolann gnóthas trambhealaigh, duga nó canála sa Stát’, *“public utility company” means a company which carries on in the State any tramway, dock or canal undertaking* (alt 79(4) den Acht Cánach Corparáide, 1976).

¹³⁵ ‘cialluíonn an abairt “obair fhóntais phuiblí” obair is indéanta, do réir a gcomhacht, ag aon údarás áitiúil, no ag aon dá údarás áitiúil no níos mó ag oibriú le chéile dhóibh’, *the expression “work of public utility” means a work which is within the powers of any local authority or any two or more local authorities acting jointly* (alt 1(1) den Acht Díomhaointis (Oibreacha Fóirthne), 1940).

¹³⁶ ‘féadfaidh an príomhdhochtóir oifigiúil, trí fhormhuiniú ar an ordú, an tréimhse sin a fhadú tréimhse eile nach faide ná sé mhí, nó, trí shraith fhormhuinithe ar an ordú, an tréimhse sin a fhadú tréimhse eile nach faide ná sé mhí aon tréimhse áirithe acu agus nach faide ná sé mhí a n-íomlán le chéile’, *the chief medical officer may by endorsement on the order extend the said period by a further period not exceeding six months, or by a series of endorsements on the order extend the said period by further periods each of which shall be less than six months and the aggregate of which shall not exceed six months* (alt 189(1)(a)(i) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945, arna ionadú le halt 18(1) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1961) – féach fo-alt (2) d’alt 18 d’Acht sin 1961, chomh maith: ‘mar fhormhuiniú nó sraith fhormhuinithe a rinneadh de bhua fho-alt (1) den alt seo’, *as an endorsement or series of endorsements made by virtue of subsection (1) of this section*.

¹³⁷ ‘cialluíonn an abairt “obair thalmhaíochta” obair aon fheirme no gáirdín no obair fhoraoiseachta agus foluíoann sí aon tsaghas oibre tionnscail a deintear mar chuid d’obair fheirme no gháirdín’, *the expression “agricultural work” means the work of any farm or garden or of forestry and includes any form of industrial work done as part of the work of a farm or garden* (alt 3(2) den Acht um Choinníollacha Fostaíochta, 1936).

¹³⁸ ‘tréimhse freastail ar chúrsa oiliúna arna sholáthar ... ag an bhForas Áiseanna Saothair’, *period ... of ... attendance at a training course provided ... by An Foras Áiseanna Saothair* (alt 62(8) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna chur isteach le halt 17 den

agus 1998,¹³⁹ mar shampla.¹⁴⁰ I gcomórtas le ‘obair fheirme’ a tugadh thuas as Acht ón mbliain 1936, faightear ‘obair feirme’ in Achtanna ó na blianta 2008, 1973 agus 1948, mar shampla.¹⁴¹ Faightear ‘trádáil feirmeoireachta’ in Achtanna ó na blianta 2007, 1983 agus 1974, mar shampla,¹⁴² agus ‘cuideachta feirmeoireachta’ in Acht ón mbliain 1975.¹⁴³ Agus féach ‘bainisteoireacht feirme’¹⁴⁴ agus ‘bainistíocht feirme’¹⁴⁵ araon in Acht ón mbliain 2007, maille le ‘bainistí feirme’ in Acht ón mbliain 1977.¹⁴⁶ Faighimid ‘acraíocht feirme’ san Acht um Cháin Fheirme, 1985,¹⁴⁷

Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008).

¹³⁹ ‘aon tréimhse freastail ar chúrsa oiliúna neamhcheardaíochta’, *any period of ... attendance at a non-craft training course* (alt 472A(1)(b)(i) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 16(b)(ii) den Acht Airgeadais, 1998).

¹⁴⁰ Faightear samplaí eile in Achtanna Leasa Shóisialaigh 1985, 1986 agus 1987, chomh maith.

¹⁴¹ ‘deis a úsáidtear go príomha in obair feirme’, *implemented used primarily for farm work* (alt 4(c) i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais), 2008; cf. mír 4(c) i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952, arna hionadú le halt 93(2) den Acht Airgeadais, 1973) – le sampla as sean-Acht a thabhairt, féach ‘daoine a bhíos ag gabháil d’obair feirme ar an talamh’, *persons engaged in farming operations on the land* (alt 34(12)(a) den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948).

¹⁴² ‘pearsa aonair a dhéanann ... trádáil feirmeoireachta a sheoladh’, *an individual who carries on ... the trade of farming* (alt 657B(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 23 den Acht Airgeadais, 2007) – cf. ‘i gcás ina ndéanfar trádáil chomhpháirtíochta fheirmeoireachta a bhunú’, *where a partnership trade of farming is set up* (alt 15(2) den Acht Airgeadais, 1974, arna ionadú le halt 11 den Acht Airgeadais, 1983), agus ‘Aon chaillteanas ... a tabhaíodh i dtrádáil feirmeoireachta’, *Any loss ... incurred in a trade of farming* (alt 27(2)(a) den Acht Airgeadais, 1974).

¹⁴³ ‘urrúis i gcuideachta ar chuideachta thrádála nó feirmeoireachta í’, *securities of a company which has been a trading or a farming company* (alt 26(6)(a) den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975).

¹⁴⁴ ‘á dheimhniú go ndearnadh freastal sásúil ar chúrsa oiliúna ... i mbainisteoireacht feirme’, *certifying satisfactory attendance at a course of training ... in farm management* (alt 81AA(14)(d) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, arna chur isteach le halt 103 den Acht Airgeadais, 2007) – cf. alt 1(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988.

¹⁴⁵ ‘freastal sásúil a bheith déanta ar chúrsa oiliúna, arna cheadú ag Teagasc (i mbainistíocht feirme, arbh fhaide ná 80 uair an chloig a fhad comhiomlán)’, *a satisfactory attendance at a course of training, approved by Teagasc, (in farm management, the aggregate duration of which exceeded 80 hours)* (alt 81AA(14)(a) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, arna chur isteach le halt 103 den Acht Airgeadais, 2007).

¹⁴⁶ ‘cothú ainmhithe, bainistí feirme, bainistí tí feirme’, *animal nutrition, farm management, farm home management* (alt 2(1) d’Acht an Údaráis Náisiúnta um Chomhairle, Oideachas agus Taighde Talmhaíochta, 1977).

¹⁴⁷ ‘Más rud é gurb é a bheidh in acraíocht choigeartaithe iomlán feirme inchánach, líon d’acraí choigeartaithe agus codán d’acra choigeartaithe’, *Where the total adjusted acreage of a taxable farm consists of a number of adjusted acres and a fraction of an adjusted acre* (alt 9(5) den Acht thuasluaite).

agus ‘acmhainn feirmeora’ in Acht ón mbliain 1999.¹⁴⁸ San Acht sin ó 1985 as ar tugadh ‘obair fhiacloireachta’ thuas, tagann ‘faoi mhaoirseacht fiaclóra chláráithe’¹⁴⁹ díreach i ndiaidh ‘obair fhiacloireachta’ – dísheimhíodh ‘f’ tosaigh san abairt sin mar go dtagann ‘fiacloir’ i ndiaidh réamhfhocail chomhshuite agus go bhfuil sé cáilithe sa ghinideach, ach níl na cúinsí sin i gceist sa sampla scoir anseo, ‘feirmeoireacht fionnaidh’,¹⁵⁰ as Acht ón mbliain 1972.

‘folaíocht’, ‘feirm’ agus ‘freastal’

Le léargas ionadaíoch a fháil ar an tslí ar pléadh le ‘f-’ sna hAchtanna ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra, tugtar le chéile anseo thíos na samplaí as na hAchtanna a tugadh thuas ina bhfaightear na focail dar tús ‘f’ a fhaighimid sa Chaighdeán Athbhreithnithe mar eiseamláirí den dísheimhiú ar ‘f-’ ar lorg ainmfhocail iolra dar críoch consan caol – i.e., ‘searraigh folaíochta’, ‘beithígh feirme’ agus ‘botháin freastail’.¹⁵¹

Murab ionann agus eiseamláirí an dísheimhithe i gcoitinne sa Chaighdeán Athbhreithnithe, is amhlaidh, mar a chonaiceamar thuas, go bhfaightear sampla de ‘searraigh folaíochta’ mar theideal taoibhe ailt in Acht ón mbliain 1999, maille le ‘úinéir searraigh folaíochta’ san alt sin féin. Agus faighimid ‘coin folaíochta’ in Acht ón mbliain 1958, bliain fhoilsithe an Chaighdeáin Oifigiúil. Ar an láimh eile, áfach, chonaiceamar thuas go bhfaightear ‘capaill fholaíochta’ in Acht ón mbliain 1970 agus go bhfaightear samplaí den séimhiú ar ‘folaíocht’ sa ghinideach agus é faoi réir ag foirm an ghinidigh uatha de ‘stoc’ in Achtanna ó na blianta 1985 agus 1953 – ‘pórú stoic fholaíochta’ agus ‘cuntais stoic fholaíochta’, faoi seach. Chomh maith leis an dá shampla sin, faoi mar a chonaiceamar thuas, faightear ‘díol beostoic fholaíochta fheirme’ in Acht ón mbliain 1983, mar a bhfeictear séimhiú ar an nginideach de ‘feirm’, chomh maith le séimhiú ar an nginideach de ‘folaíocht’, agus iad faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha sa ghinideach.

Ag dul siar dúinn ar shamplaí eile thuas den ghinideach de ‘feirm’ in Achtanna ó 1958 go dtí 2011 ach go háirithe,¹⁵² faighimid samplaí de ‘foirgnimh feirme’ i

¹⁴⁸ ‘Nuair a bheidh acmhainn feirmeora á ríomh chun críocha Chaibidil 14’, *In calculating the means of a farmer for the purposes of Chapter 14* (alt 1 i gCuid iv den Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, arna chur isteach le halt 16 den Acht Leasa Shóisialaigh, 1999).

¹⁴⁹ Féach fonóta 132 thuas.

¹⁵⁰ ‘ní fholaíonn tagairtí do ghnó feirmeoireachta ... tagairtí ... d’fheirmeoireacht fionnaidh’, *references to a farming business ... do not include references to ... fur farming* (alt 8(1) den Acht Cánach Breisluaicha, 1972).

¹⁵¹ Tabhair do d’aire go dtugtar na heiseamláirí sin roimh na heiseamláirí sa Chaighdeán Athbhreithnithe den easpa séimhithe ar fhocail dar tús ‘f’ ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha.

¹⁵² Is é sin, ó bhliain fhoilsithe an Chaighdeáin Oifigiúil go dtí an bhliain sular foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe (is é sin, sula ndearnadh na rialacha nua sa Chaighdeán sin a chur i bhfeidhm agus Achtanna an Oireachtais á n-aistriú).

sé Acht déag idir na blianta 2009 agus 1960¹⁵³ (samplaí den dísheimhiú ar lorg an ghinidigh uatha atá i gceist in dhá cheann de na hAchtanna sin), i gcomórtas le samplaí de ‘foirgnimh fheirme’ i dtrí Acht, sna blianta 1985, 1978 agus 1966. Faighimid ‘brabúis feirme’ san Acht Airgeadais, 1981. Is díol suntais é, áfach, go bhfaighimid ‘brabúis fheirmeoireachta’ mar theideal taoibhe ailt d’Acht Airgeadais 1983 ina leasaítear alt d’Acht Airgeadais 1974, mar a bhfaightear ‘brabúis feirmeoireachta’. Féach, chomh maith, go bhfaighimid ‘Cánachas ar Bhrabúis Fheirmeoireachta’ mar cheanteideal ar Chaibidil 2 i gCuid 1 den Acht Airgeadais, 1986, i gcomórtas le ‘Cánachas ar Bhrabúis Feirmeoireachta’ sa cheanteideal ar Chaibidil in Achtanna Airgeadais ón mbliain 1974 go dtí an bhliain 1982.

Faoi mar a chonaiceamar thuas, faighimid ‘teaghlaigh feirme’ in Acht ón mbliain 1977, ‘caillteanais feirme’ in Acht ón mbliain 1974 agus ‘comharchumainn feirmeoireachta’ in Acht ón mbliain 1967. Ná ní shéimhítear ‘feirm’ agus é faoi réir ag ainmfhocal firinsneach dar críoch consan caol sa ghinideach uatha in ‘chun críocha ... cúnaimh feirme’ in Acht ón mbliain 2008, in ‘i gcás cúnaimh feirme’ ná in ‘faoiseamh comhdhlúthúcháin feirme’ in Achtanna ón mbliain 2007, ná in ‘méid an chúnaimh feirme’ in Acht ón mbliain 1999, ach oiread. Agus chonaiceamar nach séimhítear ‘feirmeacha’ in ‘scéim nuachóiriúcháin feirmeacha’ in Acht ón mbliain 1978.

Sula ndíreoidimid ar shamplaí de ‘freastal’ sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal iolra dar críoch consan caol, tabharfaimid spléachadh ar théarmaí le ‘feirm’ sa ghinideach i ndiaidh focail bhaininscnigh uatha, le comparáid a dhéanamh idir an tslí ar pléadh le ‘f’ tosaigh ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha agus an tslí ar pléadh leis ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra. Thagraíomar thuas don Acht um Cháin Fheirme, 1985, agus faightear tagairtí do ‘cáin fheirme’ in Achtanna Airgeadais na mblianta 1988, 1987 agus 1986. Ar an láimh eile, ní bhfaighimid séimhiú ar ‘feirm’ agus é faoi réir ag ‘obair’ in Acht ón mbliain 2008, mar shampla. Chonaiceamar gurb amhlaidh a bhí agus ‘feirm’ faoi réir ag ‘bainisteoireacht’, ‘bainistíocht’, ‘bainistí’, agus ‘acraíocht’, chomh maith.

Ag dul ag aghaidh dúinn go dtí ‘freastal’, táimid i dtuilleamaí samplaí ó Achtanna a bhaineann leis an tréimhse sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil i gcomhair

¹⁵³ I dtaca le hAchtanna ó na blianta roimh 1960, is ‘foirgintí feirme’ a fhaightear ar *farm buildings* in alt 2(1) den Acht Airgid, 1934, mar shampla. I dtaca le hAchtanna a achtaíodh ó foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe, faightear ‘foirgnimh feirme’ in alt 604B(1)(a) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 48(1) den Acht Airgeadais, 2013: ‘ciallaíonn ‘talamh talmhaíochta’ talamh a úsáidtear chun críocha feirmeoireachta agus cibé foirgnimh feirme ... is de ghné is iomchuí don talamh sin’, ‘*agricultural land*’ means *land used for the purposes of farming and such farm buildings ... as are of a character appropriate to such land*. Díol spéise go bhfuil an bhrí thánaisteach *collection of buildings* le ‘foirgneamh’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, mar a dtugtar ‘idir thalamh is fhoirgneamh’, *both land and buildings*.

samplaí den ghinideach uatha de ‘freastal’ faoi shéimhiú ar lorg ainmfhocail iolra dar críoch consan caol, is é sin, ‘oifigigh fhreastail’ in Acht ón mbliain 1930 – mar a bhfaightear sampla den séimhiú agus d’easpa séimhithe ar ‘freastal’ ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘oifigeach’, chomh maith – agus ‘báid fhreastail’ in Achtanna sna tríochaidí – arís, faightear samplaí den séimhiú sin ar ‘freastal’ ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘bád’ in Achtanna ó na tríochaidí, chomh maith. Ar an láimh eile, faighimid samplaí de ‘taifid freastail scoile’ agus ‘leibhéil freastail’ araon in Acht ón mbliain 2000, agus sampla de ‘oifigigh freastail scoile’ in Acht ón mbliain 1998, maille le sampla de ‘báid freastail’ ó Acht ón mbliain 1946. Agus i dtaca le ‘freastal’ sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha, faighimid ‘tréimhse freastail’ in Achtanna ó na blianta 2008, 1998, 1987, 1986 agus 1985.

Mar fhocal scoir anseo, tabhair do d’aire gur ‘freastalta’ a thugtar i bhFoclóir Uí Dhónaill mar fhoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha ‘freastal’ agus mar rangabháil chaite an bhriathair ‘freastail’ araon¹⁵⁴ – díreimid go sonrathar ar ainmneacha briathartha dar tús ‘f’ sa chéad chaibidil eile anseo. Chonaiceamar sa chaibidil seo, murab ionann agus a bhfacamar i gcaibidilí eile mar a raibh cásanna eile den díshéimhiú atá curtha chun cinn sa Chaighdeán Athbhreithnithe faoi chaibidil againn, go bhfuil roinnt tacaíochta le fáil ó Achtanna an Oireachtais don díshéimhiú sa ghinideach i gcás ainmfhocal dar tús ‘f’ ar lorg ainmfhocail bhaininsneach uatha nó ainmfhocail fhirinsneach iolra dar críoch consan caol (nó ar lorg ainmfhocail fhirinsneach uatha dar críoch consan caol sa ghinideach), faoi mar a bhí molta ag an gCoiste Téarmaíochta agus mar atá sa Chaighdeán Athbhreithnithe. Féachfaimid sa chéad chaibidil eile an amhlaidh atá, chomh maith, i gcás ainmneacha briathartha dar tús ‘f’.

¹⁵⁴ Dealraíonn sé nach bhfuil ach an t-aon sampla amháin de ‘freastalta’ le fáil sna hAchtanna a bhfuil rochtain orthu go leictreonach, is é sin, ‘na háiteanna lochta a shonrú a mbeidh locadh faoi réir táillí a íoc le freastalaithe lochta ceadúnaithe (dá ngairtear áiteanna lochta freastalta san alt seo)’, *specifying the parking places in which parking is to be subject to the payment of fees to licensed parking attendants (in this section referred to as attended parking places)* (alt 90(2)(d) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 – faightear an téarma céanna sin arís i bhfo-alt (5) den alt sin).

Ainmneacha briathartha dar tús ‘f’

Ar shamplaí atá le fáil in Achtanna an Oireachtais d’ainmneacha briathartha dar tús ‘f’, arna séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha agus iad ar aon fhoirm le haidiachtaí briathartha, tá ‘áit fheistithe’,¹ ‘foirm fhianaithe’,² ‘cosaint fhírinnithe’,³ ‘achainí fhoirceanta’,⁴ ‘obair fhorbartha’,⁵ ‘eascaire fhorghníomhaithe’,⁶ ‘foirm fhorghníomhaithe’⁷ agus ‘ionstraim fhorhmeasta’,⁸ mar

- 1 ‘chun rialála do dhéanamh maidir leis an ord ina ndí-ládálfar longa thioctaidh isteach sa Chuan tráthanna gar dá chéile agus a úsáidfidh an áit fheistithe chéanna’, *for regulating the order in which vessels entering the Harbour at short intervals of one another and using the same berth shall discharge* (alt 3(a) d’Acht Chuan na Gaillimhe, 1935).
- 2 ‘ach ní gá aon fhoirm fhianaithe ná ní gá do na finnétithe síniú i láthair a chéile’, *but no form of attestation shall be necessary nor shall it be necessary for the witnesses to sign in the presence of each other* (alt 78(2) den Acht Comharbais, 1965).
- 3 ‘ní chlisfidh cosaint fhírinnithe de dhroim amháin nach gcruthófar fírinne gach cúisimh’, *a defence of justification shall not fail by reason only that the truth of every charge is not proved* (alt 22 den Acht um Chlúmhilleadh, 1961) – díol spéise ó thaobh cúrsaí aistriúcháin de é an sampla seo sa mhéid gur minic a bhaintear leas as ‘cosain’ chun *justify* a aistriú.
- 4 ‘Measfar ... foirceannadh tosú nuair a rithfidh an chuideachta rún go ndéanfar an chuideachta a fhoirceannadh, nó nuair a thíolacfar achainí fhoirceanta mura mbeidh rún den sórt sin rite roimhe sin’, *a winding up is to be taken to commence on the passing by the company of a resolution for the winding up of the company, or on the presentation of a winding up petition if no such resolution has previously been passed* (alt 9(7) den Acht Cánach Corparáide, 1976); cf. ‘nach ndéanfaidh aon duine ach scairshealbhóir an achainí fhoirceanta a thíolacadh’, *a winding-up petition shall not ... be presented by any person except a shareholder* (alt 215(b) d’Acht na gCuideachtaí, 1963) – faightear naoi sampla den téarma séimhithe sin in Acht sin 1963, mar a bhfaightear an t-aon sampla amháin seo a leanas de gan séimhiú (in alt 215(a)): ‘sa dóigh ... nach mbeidh ranníocóir i dteideal achainí foirceanta a thíolacadh’, *so ... that ... a contributory shall not be entitled to present a winding up petition*.
- 5 ‘chun aon obair thaighde, shainchomhairle nó fhorbartha a ghabhann coláiste de láimh ... a shaothrú’, *to exploit any research, consultancy or development work undertaken by a college* (alt 5(1)(e) d’Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992).
- 6 ‘aon bhreithiúnas ..., lena n-áirítear foraithe, ordú, breith, nó eascaire fhorghníomhaithe’, *any judgment ..., including a decree, order, decision or writ of execution* (Airteagal 25 den Choinbhinsiún sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998).
- 7 ‘d’ainneoin é a bheith ceangailte go sainráite go mbeidh uacht arna déanamh i bhfeidhmiú na cumhachta sin le forghníomhú le foirm éigin bhreise nó eile fhorghníomhaithe nó shollúntachta’, *notwithstanding that it has been expressly required that a will made in exercise of such power shall be executed with some additional or other form of execution or solemnity* (alt 79(2) den Acht Comharbais, 1965).
- 8 ‘an tráth a taiseadh a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, fhorhmeasta nó aontachais’, *at the time of ... deposit of its instrument of ratification, acceptance, approval or accession* (alt 6 d’Airteagal 3 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 1988).

a chonaiceamar i gCaibidil 3 thuas. Is samplaí den ghinideach den ainm briathartha ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol iad ‘dliteanais fhrithgheallta’, in Acht ón mbliain 1989,⁹ agus ‘ábhair fhálaithe’, in Acht ón mbliain 1978.¹⁰ Ar shamplaí lena ngabhann cuspóir leis an ainm briathartha sa ghinideach tá ‘tréimhse fhorhmhuinthe pointí pionóis’¹¹ (mar a chonaiceamar i gCaibidil 3), ‘boird fhorbartha cathrach agus contae’,¹² ‘beartais fhorbartha pobail agus cláir fhorbartha pobail’,¹³ ‘caighdeáin fhoirgnithe tithe’¹⁴ agus ‘deontais fhorbartha fiontar’,¹⁵ in Achtanna ó na blianta 2002, 2000, 1982, 1981 agus 1977 faoi seach – agus féach ‘innill fhrainceála postais’, as Acht ón mbliain 1976,¹⁶ chomh maith, le sampla d’ainm briathartha faoi shéimhiú nach bhfuil ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha a thabhairt. Mar shamplaí den séimhiú ar ‘f’ tosaigh an ainm bhriathartha ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh dar críoch consan caol sa ghinideach uatha tá ‘ag cur an chirt fhuascailte faoi réir ...’

⁹ ‘ríomh na gcúlchistí teicniúla nó matamaiticiúla a bheidh in ionannas do dhliteanais fhrithgheallta’, *the calculation of technical or mathematical reserves representing underwriting liabilities* (alt 12(a) den Acht Árachais, 1989).

¹⁰ ‘ábhair thógála agus fhálaithe lena n-úsáid d’aontoisc in oibreacha a mbíonn ceannaitheoirí na n-ábhar sin cáilithe chun deontais ina leith’, *building and fencing materials for use solely in works in respect of which the purchasers of the materials qualify for grants* (alt 1(a)(iii) i gCuid I den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1978).

¹¹ ‘Tréimhse fhorhmhuinthe pointí pionóis’, *Period of endorsement of penalty points* (teideal taoibhe alt 4 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002).

¹² ‘boird fhorbartha cathrach agus contae laistigh dá limistéar’, *city and county development boards within its area* (alt 12(12)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000) – cf. alt 11(2): ‘Tabharfar fógra ... do bhoird fhorbartha cathrach agus contae laistigh de limistéar feidhme an údaráis’, *notice ... shall be given to ... city and county development boards within the functional area of the authority*; féach, áfach, alt 12(1)(a) den Acht céanna, mar a bhfaightear ‘f’ le séimhiú agus gan séimhiú araon: ‘chuíg aon bhoird fhorbartha cathrach nó contae sa limistéar, chuíg aon choimisinéirí baile agus aon bhoird forbartha cathrach agus contae laistigh den limistéar’, *to ... any city or county development boards in the area, any town commissioners and city and county development boards within the area*; mar léiriú nó deimhniú gur cuspóirí an ainm bhriathartha atá in *city* agus *county* féach alt 129(5) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001: *The functions of a Board are ... to draw up a strategy ... for the economic, social and cultural development of the county or city and the community*.

¹³ ‘comhairle a thabhairt don Aire ... maidir le beartais fhorbartha pobail agus cláir fhorbartha pobail’, *to advise the Minister ... regarding community development policies and community development programmes* (alt 4(1)(a) den Acht um an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Pobail, 1982).

¹⁴ *standards of construction of houses* (alt 23(9)(a) den Acht Airgeadais, 1981).

¹⁵ ‘Deontais fhorbartha fiontar’, *Enterprise development grants* (teideal taoibhe alt 3 den Acht um Forbairt Tionscail, 1977).

¹⁶ ‘innill fhrainceála postais agus innill dá samhail ina bhfuil feiste ríomhaireachta insuite’, *postage franking machines and similar machines incorporating a calculating device* (mír (xiv) sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Breislúacha, 1972, arna hionadú le halt 60(c) den Acht Airgeadais, 1976).

in Acht ón mbliain 1979,¹⁷ ‘tabhú aon chaiteachais fhorbartha’¹⁸ agus ‘i dteideal liúntais fhorbartha mhianaigh’¹⁹ araon in Acht ón mbliain 1976, ‘méid an liúntais fhorbartha mhianaigh’²⁰ agus ‘liúntas i leith caiteachais fhorbartha’²¹ araon in Acht ón mbliain 1974, ‘focail an chláisail fhianaithe’²² in Acht ón mbliain 1965 agus ‘coimeád an pháipéir fhianaithe bhunaidh’²³ in Acht ón mbliain 1954. Ar deireadh anseo, ar shamplaí a fhaightear sa chaibidil leathdheireanach anseo den ainm briathartha dar tús ‘f’ faoi shéimhiú sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal nach ainmfhocal baininscneach uatha ná ainmfhocal firinscneach dar críoch consan caol é tá ‘i bhforghníomhú an ordaithe fhorghníomhaithe’²⁴ agus ‘de réir fógra fhorfheidhmithe’²⁵ in Achtanna ón mbliain 1988, ‘forálacha

¹⁷ ‘ag cur an chirt fhuascailte sin freisin faoi réir aisíoc na hiasachta’, *making the said right of redemption subject also to the repayment of the loan* (alt 8(2)(d) d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979).

¹⁸ ‘I gcás duine a sheolann trádáil ag oibriú mianaigh cháilithigh do thabhú aon chaiteachais fhorbartha’, *Where a person who is carrying on the trade of working a qualifying mine incurs ... any development expenditure* (alt 2(1) den Acht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974, arna ionadú le halt 64 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Corparáide, 1976).

¹⁹ ‘beidh sé i dteideal liúntais fhorbartha mhianaigh’, *he shall be entitled to mine development allowance* (alt 8(1) den Acht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974, arna leasú le halt 37 sa Dara Sceideal a ghabhann le hAcht sin 1976 a luaitear san fhonóta roimhe seo thuas).

²⁰ ‘méid an liúntais fhorbartha mhianaigh don bhliain mheasúnachta 1974-75’, *the amount of mine development allowance for the year of assessment 1974-75* (alt 2(2) den Acht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974).

²¹ ‘Liúntas i leith caiteachais fhorbartha agus caiteachais taiscealaíochta’, *Allowance in respect of development expenditure and exploration expenditure* (teideal taoibhe alt 2 den Acht a luaitear san fhonóta roimhe seo thuas).

²² ‘go bhfuil an síniú curtha i measc focail chláisail an *testimonium* nó an chláisail fhianaithe ... nó go bhfuil sé i ndiaidh ... an chláisail fhianaithe’, *that the signature is placed among the words of the testimonium clause or of the clause of attestation, or ... is after ... the clause of attestation* (alt 78(4)(c) den Acht Comharbais, 1965).

²³ ‘féadfar liostáil duine sna Buan-Óglaigh ... a chruthú trí fhinné faoi mhionn do thabhairt cóipe de pháipéar fianuithe an duine sin ar aird a airbheartós a bheith deimhnithe mar chóip dhílis ag an oifigeach ag a mbeidh coimeád an pháipéir fhianuithe bhunaidh sin’, *the enlistment of a person in the Permanent Defence Force ... may be proved by the production, by a witness on oath, of a copy of such person’s attestation paper purporting to be certified to be a true copy by the officer having the custody of such original attestation paper* (alt 248(c) den Acht Chosanta, 1954) – cf. ‘An éifeacht a bheas le síniú an dearbhuithe is gá do réir an pháipéir fhianuithe’, *Effect of signing declaration required by attestation paper* (teideal taoibhe alt 59 den Acht céanna sin).

²⁴ ‘measfar an íocaíocht ... a bheith tobhaithe, i bhforghníomhú an ordaithe fhorghníomhaithe nó an deimhnithe, ag an sirriam’, *the payment ... shall be deemed to have been levied, in the execution of the execution order or certificate, by the sheriff* (alt 71(2)(a)(II) den Acht Airgeadais, 1988).

²⁵ *in accordance with an enforcement notice* (alt 4(c)(ii) den Acht um Chosaint Sonraí, 1988).

an phlean fhorbartha' in Acht ón mbliain 1983,²⁶ 'tosach feidhme an ordaithe fhoirceannta' in Acht ón mbliain 1971,²⁷ 'costas an ordaithe fhorghníomhaithe' in Acht ón mbliain 1967,²⁸ 'forálacha an phlean fhorbartha' in Acht ón mbliain 1963,²⁹ 'de bhun conartha fhostuithe'³⁰ agus 'brí an Achta Fhorbairte Minearál'³¹ in Achtanna ón mbliain 1947, 'chun críocha ciste fheabhsuithe'³² in Acht ón mbliain 1946, 'an mí tar éis mí fhoillsithe na bhfógrán' in Acht ón mbliain 1936³³ agus 'ó dháta fhoillsithe an fhógra'³⁴ in Acht ón mbliain 1935.

Ar ndóigh, tá go leor samplaí sna hAchtanna d'fhoirmeacha a bheadh ar aon dul leis na foirmeacha séimhithe sin thuas agus iad faoi shéimhiú toisc réimír a bheith rompu. Faightear 'infhorbartha', mar shampla, san Acht Forbartha Móna, 1981³⁵ agus 'peirspictíocht spásfhorbartha na hEorpa' san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.³⁶ Má thógaimid foirm an ghinidigh uatha den ainm briathar-

²⁶ 'beidh aird aige ar fhorálacha an phlean fhorbartha', *regard being had to the provisions of the development plan* (alt 19(2) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1983) – is é sin, pléitear leis an nginideach de 'forbairt' amhail is dá mba aidiacht bhriathartha a bhí ann.

²⁷ 'in imeacht an dá mhí dhéag roimh an dáta a tosaíodh ar an bhfoirceannadh nó roimh thosach feidhme an ordaithe fhoirceannta', *during the twelve months before the commencement of the winding up or the winding-up order* (alt 11(1) den Acht um Ranníocáí Sláinte, 1971).

²⁸ 'is suim £1 10s. 0d. an tsuim is inghnóthaithe i leith costas an ordaithe fhorghníomhaithe', *the sum recoverable for the costs of the execution order shall be the sum of £1 10s. 0d.* (alt 490(2)(a) den Acht Cánach Ioncaim, 1967).

²⁹ 'tagairtí d'fhorálacha an phlean fhorbartha', *references to the provisions of the development plan* (alt 2(7)(a) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963).

³⁰ *pursuant to a charterparty* (Airteagal 1(b) de na Rialacha sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Loingis Cheannaíochta, 1947).

³¹ 'ceadúnas lorgaireachta do réir bhrí an Achta Fhorbairte Minearál, 1940', *a prospecting licence within the meaning of the Minerals Development Act, 1940* (alt 1 d'Acht Chuideachta na Mianraí, 1947).

³² 'más chun críocha ciste fheabhsuithe chathartha thoidheonaigh a híocfar an tsuim', *if the sum is paid for the purposes of a voluntary civic improvement fund* (alt 8(3)(a) den Acht Rialtais Áitiúil, 1946).

³³ '... seirbheálfar iad an mí tar éis mí fhoillsithe na bhfógrán san', *the notices ... shall be served in the month next succeeding the month in which the said advertisements are published* (alt 8(b) d'Acht na nÚdarás nÁitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1936) – féach go bpléitear le 'mí' mar fhocal firinsneach sa sliocht sin.

³⁴ 'gur o dháta fhoillsithe an fhógra san a comharófar an t-am a ceaptar do réir dlí don athchomharc san', *the time limited by law for such appeal shall run from the date of such publication of such notice* (alt 31(3) den Acht Airgid, 1935).

³⁵ 'Ní dhiúltóidh an Bord deontas forbartha a thabhairt de bhíthin amháin go bhfuil an portach lena mbaineann an t-iarratas ar an deontas infhorbartha agus oiriúnach lena fhorbairt ag an mBord', *The Board shall not refuse to make a development grant by reason only of the fact that the bog to which the application for the grant relates is capable of and suitable for development by the Board* (alt 6(1)).

³⁶ 'Éifeacht a thabhairt do Pheirspictíocht Spásfhorbartha na hEorpa', *Giving effect to the*

tha ‘feidhmiú’, mar shampla, is é sin, ‘feidhmithe’,³⁷ faightear leithéidí ‘do-fheidhmithe’, ‘infheidhmithe’, ‘forfheidhmithe’, ‘in-fhorfheidhmithe’ agus ‘neamh-feidhmithe’.³⁸

Chomh maith leis sin, ní hionann cás do ‘f’ tosaigh agus é gan séimhiú i dtéarmaí atá sa chaint le fada – ar nós go leor de na téarmaí sin a tugadh ar aird as Foclóir Uí Dhónaill sa chaibidil dheireanach – agus ‘f’ tosaigh a bheadh le séimhiú nuair nach bunfhoirm an téarma a bheadh i gceist. Ná níor ghá go ndéileálfaí le ‘f’ tosaigh i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh iolra, nó i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach, mar a dhéileálfaí le ‘f’ tosaigh i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh uatha.³⁹ Cuirtear séimhiú ar ‘f’ tosaigh an ainm bhriathartha sa ghinideach i gcónaí i ndiaidh na haidiachta sealbhaí firinscní sa tríú pearsa uatha, mar shampla – leithéid ‘tar éis cúig bliana ó dháta a fhoirgnithe’.⁴⁰ Agus, maidir leis an séimhiú ar fhocail i gcoitinne dar tús ‘f’, bíonn séimhiú ar ‘f’ in aidiachtaí i ndiaidh an ainmfhocail fhirinscnigh iolra – i.e.,




European Spatial Development Perspective (alt 9 i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an Acht).

- ³⁷ Féach an dá shampla seo a leanas den séimhiú ar ‘feidhmithe’ ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra, ar samplaí iad as aistriúcháin ar cháipéisí a bhaineann le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh: ‘Leagfaidh rialacháin fheidhmithe an Choimisiúin amach na heilimintí ar na modheolaíochtaí staidrimh’ agus ‘Ní mór tabhairt le fios gur féidir leis an CEI cabhrú le costais fheidhmithe na ngrúpaí áitiúla’ (in <http://register.consilium.europa.eu/pdf/gal/07/st06/st06622.ga07.pdf> agus http://ec.europa.eu/fisheries/documentation/publications/fep_brochure_ga.pdf, faoi seach).
- ³⁸ Agus cé gurb í foirm na haidiachta briathartha atá in ‘feidhmithe’ sna foirmeacha áirithe sin ní bhíonn an bhrí ‘atá feidhmithe’ le ‘feidhmithe’ nuair a chuirtear réimír ar nós na réimíreanna sin thuas roimhe – mar a chonaiceamar i gCaibidil 1 i gCuid I den staidéar, is é is brí le ‘caighdeáin fhorbartha’, dar leis an gCaighdeán Athbhreithnithe, ná ‘caighdeáin atá forbartha’ i gcomórtas le ‘caighdeáin forbartha’, arb é is brí leis ná ‘caighdeáin chun forbairt a dhéanamh’, de réir an Chaighdeán Athbhreithnithe – is mar seo a leanas a chuirtear sin i láthair sa Chaighdeán Athbhreithnithe, lch 204: ‘caighdeáin forbartha (= caighdeáin chun forbairt a dhéanamh) ach *caighdeáin fhorbartha* (= caighdeáin atá forbartha)’.
- ³⁹ Níor mhiste a mheabharrú anseo go bhfaightear samplaí den ainm briathartha dar tús ‘f’ faoi séimhiú sa ghinideach i bhFoclóir Uí Dhónaill, chomh maith – leithéidí ‘cliath fhuirste’ (*harrow* [FGB, s.v. ‘cliath’ – cf. s.v. ‘fuirseadh’]), ar thugamar samplaí de ó údair Ghaeltachta i gCuid I den staidéar, ‘cáin fheistithe’ (*moorage* [FGB, s.v. ‘feistiú’]) agus ‘comhéifeacht fhorbartha’ (*coefficient of expansion* [FGB, s.v. ‘comhéifeacht’]); agus thugamar samplaí de ‘focail fhreagartha’ agus ‘túir fhuaraithe’, ó chainteoirí dúchais, roimhe seo thuas sa Chuid seo den staidéar, mar aon leis an abairt ‘tuarascáil an Fhorais Fhorbartha’, ó thuirisc oifigiúil ar dhíospóireacht Dála ón mbliain 1982.
- ⁴⁰ ‘tar éis cúig bliana ó dháta a fhoirgnithe, a thógtha nó a dhéanta’ (alt 36(2)(b) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963).

leithéid ‘bradáin fhiáine’.⁴¹ Bíonn séimhiú ar ‘f’ tosaigh i ndiaidh an ailt sa ghinideach uatha firinsneach, chomh maith – i.e., leithéid ‘ainm an fhir’ – agus féach ‘beirt fhear’, is é sin, ginideach iolra an fhocail ‘fear’ agus é faoi shéimhiú.

Bhí ‘Beirt Fhear’ mar ainm cleite ag Séamas Ó Dubhghaill (1855-1929).



Easpa séimhithe

É sin go léir thuas ráite, má thógaimid trí ainm bhriathartha dar tús ‘f’ ar tugadh samplaí díobh thuas agus iad faoi shéimhiú sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocail bhaininscigh uatha, ainmfhocail fhirinscigh iolra nó ainmfhocail fhirinscigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach – ‘foirceannadh’, ‘foirgníú’ agus ‘forbairt’ – is líonmhaire iad na samplaí gan séimhiú sa ghinideach atá le fáil sna hAchtanna sna cásanna céanna sin. I gcomórtas leis na samplaí de ‘achainí fhoirceanta’ a tugadh thuas, faightear samplaí de ‘achainí foirceanta’ in dhá Acht ón mbliain 1989.⁴² Faighimid ‘caighdeáin foirgnithe’⁴³ in Acht ón mbliain 1988 agus ‘caighdeáin foirgnithe tithe’ in Acht ón mbliain 1999⁴⁴ – agus faighimid sampla den díséimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscigh, chomh maith, in ‘obair foirgnithe’,⁴⁵ in Acht ón mbliain 1947.

⁴¹ Bradáin fhiáine’, *wild salmon* (teideal taoibhe alt 69 den Acht um Iascach Intíre, 2010).

⁴² ‘I gcás ina ndéanfar ordú faoin alt seo chun banc taisece iontaobhais a fhoirceannadh, beidh feidhm ag an dlí a bhaineann le cuideachtaí ... ionann is dá mba go ndearnadh an t-ordú ar achainí foirceanta faoin dlí sin agus ionann is dá gcuirfí tagairt don ordú a dhéanamh faoin alt seo in ionad aon tagartha sa dlí sin don achainí foirceanta a thíolacadh’, *Where an order for the winding up of a trustee savings bank is made under this section, the law relating to companies ... shall apply as if the order had been made on a winding up petition under that law and as if for any reference in that law to the presentation of the winding up petition there were substituted reference to the making of the order under this section* (alt 26(9) den Acht um Bainc Thaisce Ionntaobhais, 1989 – cf. alt 21(9) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971, arna ionadú le halt 38 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1989).

⁴³ ‘caighdeáin foirgnithe, deisriochta agus seirbhísi’, *standards of construction, repair and services* (alt 4(4) d’Acht na dTithe, 1988).

⁴⁴ ‘cibé coinníollacha ... a chinneadh an tAire ... i ndáil le caighdeáin foirgnithe tithe’, *such conditions ... as may be determined by the Minister ... in relation to standards of construction of houses* (alt 380E(4)(a) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna chur isteach le halt 50 den Acht Airgeadais, 1999).

⁴⁵ ‘Earraí bheidh déanta d’iarann nó de chruaidh chun iad d’úsáid in obair thógála agus foirgnithe’, *Manufactured articles of iron or steel for use in building or construction* (an dara colún ag uimhir thagartha 4 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgid, 1932,

Is mó go mór é líon na samplaí atá againn sna hAchtanna den díshéimhiú ar ‘forbairt’ sa ghinideach. Faoi mar a dúradh agus an easpa séimhithe ar lorg ‘scéim’ faoi chaibidil againn i gCaibidil 8 thuas, is ‘scéim forbartha’ atá ar *development scheme* san Ordú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 1), 1947,⁴⁶ agus bhí an-tionchar ag na téarmaí dlíthiúla Gaeilge ar an téarmaíocht sna hAchtanna. I gcomórtas le ‘obair fhorbartha’ a tugadh thuas as Acht ón mbliain 1992, faighimid ‘obair forbartha’ in Achtanna ón mbliain 1989⁴⁷ agus in Acht ón mbliain 1961⁴⁸ – ná níl aon séimhiú ar an nginideach de ‘forbairt’ lena ngabhann cuspóir in ‘obair forbartha an láithreáin’ in Acht ón mbliain 1966.⁴⁹ San Acht céanna ón mbliain 2000 ónar tugadh ‘boird fhorbartha cathrach agus contae’ thuas faighimid ‘costais forbartha’,⁵⁰ chomh maith le ‘aicme forbartha’,⁵¹ ‘éifeacht forbartha’⁵² agus ‘gníomhaireacht forbartha’.⁵³ Agus i gcomórtas le ‘méid an liúntais fhorbartha

arna leasú ag uimhir thagartha 2 i gCuid 1 den Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1947).

- 46 Rialacha agus Orduithe Reachtúla, 1947, Uimh. 249.
- 47 ‘comhshocraíochtaí a dhéanamh le forais iomchuí eile ... chun obair taighde agus forbartha a sheoladh’, *to enter into arrangements with other relevant institutions ... for the purposes of ... conducting research and development work* (alt 4(a)(iv) d’Acht an Fhorais Náisiúnta um Ard-Oideachas, Baile Átha Cliath, 1980, arna leasú le halt 3(a) den Acht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989 – cf. alt 3(a) den Acht um Ollscoil Luimnigh, 1989).
- 48 ‘obair thurgnamhach agus forbartha’, *experimental and development work* (alt 27(b) den Acht Muc agus Bagúin (Leasú), 1961).
- 49 ‘ar choinníoll gur deimhin leis an Aire gurb é an 1ú lá d’Iúil, 1965, ... a tosaíodh ar obair forbartha an láithreáin’, *provided that the Minister is satisfied that the work of developing the site commenced on ... the 1st day of July, 1965* (alt 44(1)(b) d’Acht na dTithe, 1966).
- 50 ‘na costais tógála agus na costais forbartha chomhghabhálacha ar a gcomhaontóidh an t-údarás agus an forbróir’, *the building and attributable development costs as agreed between the authority and the developer* (alt 96(3)(a)(ii)(II) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000).
- 51 ‘Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhoráil go mbeidh aon aicme forbartha ina forbairt dhíolmhaithe chun críocha an Achta seo’, *The Minister may by regulations provide for any class of development to be exempted development for the purposes of this Act* (alt 4(2)(a) den Acht atá luaite san fhonóta deireanach sin thuas) – cf. ‘Féadfaidh an tAire foráil a dhéanamh ... chun go mbeidh aon aicme áirithe forbartha ina forbairt dhíolmhaithe’, *The Minister may ... provide for any class of development being exempted development* (alt 4(2)(a) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963).
- 52 ‘mar gheall ar éifeacht theoranta forbartha a bhaineann leis an aicme sin ar a timpeallacht’, *by reason of the ... limited effect on its surroundings ... of development belonging to that class* (alt 4(2)(a)(i) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000).
- 53 ‘ciallaíonn “gníomhaireacht forbartha” an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire), ... Údarás na Gaeltachta, “development agency” means the Industrial Development Agency (Ireland), ... Údarás na Gaeltachta’ (alt 165 den Acht a luaitear san fhonóta roimhe seo thuas); faighimid a leithéid in Achtanna ó 1988 i leith – féach ‘ciallaíonn “gníomhaireacht forbartha tionscail” an tÚdarás Forbartha Tionscail, Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta nó Údarás na Gaeltachta’ (alt 51(6) den Acht Airgeadais, 1988).

mhianaigh' thuas, faighimid 'méid liúntais forbartha mianaigh'⁵⁴ san Acht céanna ónar tugadh 'i dteideal liúntais fhorbartha mhianaigh' thuas.

Le samplaí eile de 'forbairt' gan séimhiú sa ghinideach, agus é faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra, a thabhairt as na hAchtanna, féach 'deontais forbartha',⁵⁵ 'riachtanais forbartha'⁵⁶ agus 'tionscadail forbartha',⁵⁷ maille leis na samplaí seo a leanas ina ngabhann cuspóir leis an ainm briathartha sa ghinideach: 'cláir forbartha caighdeán',⁵⁸ 'ionaid forbartha tionscail nó forbartha tráchtála',⁵⁹ 'lamháltais forbartha mianaigh',⁶⁰ 'liúntais forbartha mianaigh'⁶¹ agus 'riachtanais forbartha na foirne'.⁶² Ar shamplaí eile sna hAchtanna den easpa séimhithe ar an ainm briathar-

⁵⁴ 'indáil le méid liúntais forbartha mianaigh', *in relation to the amount of a mine development allowance* (alt 245(5) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, arna ionadú le halt 10 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Corparáide, 1976).

⁵⁵ 'Deontais forbartha', *Development grants* (teideal taoibhe alt 2 den Acht Forbartha Móna, 1981).

⁵⁶ 'maidir le measúnú á dhéanamh ar na riachtanais oiliúna, oideachais nó forbartha is cuí dá imthosca pearsanta', *in assessing the training, education or development needs appropriate to his ... personal circumstances* (alt 241(1A)(b) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna chur isteach le halt 9 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009).

⁵⁷ 'Baineann an t-alt seo le tionscadail taighde agus forbartha', *This section applies to projects of research and development* (alt 29(2) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986; cf. alt 40(2) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1969) – féach 'tionscadail forbartha agus gníomhaíochtaí pobail chun bochtaine a sháru a chothú', *fostering ... projects of community development and activities to overcome poverty* (alt 4(2)(d) den Acht um Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, 1986), agus 'tionscadail ... is dóigh leis a bheith ina dtionscadail forbartha de ghné phoiblí', *projects which, in his opinion, are projects of development of a public character* (alt 4 den Acht um Chiste Forbartha Náisiúnta, 1954); i gcás an tsampla seo a leanas de 'patrúin forbartha', is ginideach cáilithe atá ann: 'patrúin forbartha inmharthana a chur chun cinn', *the promotion of sustainable development patterns* (alt 3(3)(c) den Acht um Athnuachan Baile, 2000).

⁵⁸ 'cláir forbartha agus deimhnithe caighdeán a fhorfheidhmiú ar bhonn Thuaidh/Theas', *the implementation of standards development and certification programmes on a North/South basis* (alt 1.2(j) i gCuid 3 d'Iarscríbhinn 2 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 – tabhair do d'aire nach séimhítear 'deimhnithe' anseo, ach oiread).

⁵⁹ 'a shuíomh maidir le hionaid daonra nó le hionaid forbartha tionscail nó forbartha tráchtála', *its position in relation to centres of population or industrial or commercial development* (alt 42(1)(b) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963).

⁶⁰ 'I gcás ina mbeifear tar éis lamháltais forbartha mianaigh a dheonadh', *Where mine development allowances ... have been granted* (alt 6(10) den Acht Airgeadais, 1946).

⁶¹ 'I gcás a mbeidh liúntais forbartha mianaigh tugtha i leith caiteachas caipitiúil a tabhaíodh i ndáil le mianach', *Where mine development allowances in respect of capital expenditure incurred in connection with a mine have been made* (alt 245(10) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, arna ionadú le halt 10 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Corparáide, 1976) – cf. 'féadfar leanúint de liúntais forbartha mianaigh a dheonú', *mine development allowances may continue to be granted* (alt 245(12) den Acht Cánach Ioncaim, 1967).

⁶² 'chun a chinntiú go ndéanfar ... riachtanais forbartha na foirne i gcoitinne sa scoil a shain-

tha i ndiaidh ainmfhocail fhirinscniú uatha sa ghinideach tá ‘gníomhaíochtaí an bhainc forbartha’,⁶³ ‘le haghaidh caiteachais forbartha’,⁶⁴ ‘sainghnéithe an chineáil forbartha’,⁶⁵ ‘de réir an chláir forbartha’,⁶⁶ ‘le haghaidh cúnaimh forbartha’⁶⁷ agus ‘ag seoladh an tionscadail forbartha’⁶⁸ – agus féach an dá shampla seo a leanas ina ngabhann cuspóir leis an ainm briathartha agus an t-ainm briathartha faoi réir ag ainmfhocal firinscneach uatha sa ghinideach: ‘i leith aon cháis forbartha bonneagair’⁶⁹ agus ‘feidhmeanna an údaráis forbartha tionscail’.⁷⁰

aithint’, to ... ensure that ... staff development needs generally in the school are identified (alt 9 den Acht Oideachais, 1998).

- ⁶³ ‘forlíonadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Bhainc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha ... agus foras airgeadais forbartha idirnáisiúnta eile’, *supplementing the activities of the International Bank for Reconstruction and Development ... and other international development finance institutions* (Airteagal 2 den Choinbhinsiún sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um an nGníomhaireacht Iltaobhach do Ráthú Infheistíochta, 1988).
- ⁶⁴ ‘Leasú ar alt 766 (creidmheas cánach le haghaidh caiteachais taighde agus forbartha) den Phríomh-Acht’, *Amendment of section 766 (tax credit for research and development expenditure) of Principal Act* (teideal taoibhe alt 46 den Acht Airgeadais, 2007).
- ⁶⁵ ‘sainghnéithe sonracha na forbartha nó an chineáil forbartha lena mbaineann’, *the specific characteristics of the development or type of development concerned* (alt 146C(3)(b)(i) (I) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna chur isteach le halt 30 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006).
- ⁶⁶ ‘de réir an chláir forbartha reatha a bheidh ullmhaithe ag an mbord’, *in accordance with ... the current development programme prepared ... by the board* (alt 11(1)(c)(i) den Acht Iascaigh, 1980).
- ⁶⁷ ‘Le haghaidh Cúnaimh Oifigiúil Forbartha áirithe’, *For certain Official Development Assistance* (vóta uimh. 29 i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Leithreasa, 2006 – faightear vóta dá leithéid in Achtanna Leithreasa eile, chomh maith) – cf. ‘sa tuarascáil bhliantúil is deireanaí ó Chathaoirleach Choiste Cúnaimh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta’, *in the latest annual report of the Chairman of the Development Assistance Committee of the Organisation for Economic Co-operation and Development* (alt 51(1) den Acht Airgeadais, 1978).
- ⁶⁸ ‘ag seoladh an tionscadail cháilithigh taighde agus forbartha’, *in the carrying out of the qualifying research and development project* (alt 23(3)(a)(i) den Acht Airgeadais, 1986).
- ⁶⁹ ‘na saincheistanna a eascróidh i leith aon cháis áirithe forbartha bonneagair straitéisigh’, *the issues arising in respect of any particular case of strategic infrastructure development* (alt 112A(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna chur isteach le halt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006).
- ⁷⁰ ‘cumhachtaí agus feidhmeanna an Údaráis Forbartha Tionscail’, *the powers and functions of the Industrial Development Authority* (alt 9(1) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993) – cf. ‘Ciste Aoisliúntais an Údaráis Forbartha Tionscail’, *Industrial Development Authority Superannuation Fund* (colún A i gCuid 2 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009); ‘Cumhachtaí a aistriú chun an Údaráis Forbartha Tionscail’, *Transfer of powers ... to Industrial Development Authority* (teideal taoibhe alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1969), agus ‘Céad-Chomhaltaí an Údaráis Forbartha Tionscail’, *First Members of the Industrial Development Authority* (ceannteideal an Sceidil a ghabhann leis an Acht um an Údarás Forbartha Tionscail, 1950); dealraíonn

Is líonmhaire fós iad na samplaí den easpa séimhithe ar lorg ainmfhocail bhain-inscnigh uatha – leithéidí ‘acmhainn forbartha’,⁷¹ ‘céim nó staid forbartha’,⁷² ‘corparáid forbartha’,⁷³ ‘cuideachta forbartha’,⁷⁴ ‘feidhm forbartha’,⁷⁵ ‘gníomhaireacht forbartha’ agus ‘tosaíocht forbartha’.⁷⁶ Agus féach na samplaí seo a leanas ina ngabhann cuspóir leis an ainm briathartha sa ghinideach, cuid acu ar ainmneacha comhlachtaí atá iontu: ‘Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna’,⁷⁷ ‘Cuideachta Forbartha Cuartaíochta Chontaetha an Iarthair’,⁷⁸

sé gurb é an ginideach de ‘Comhlachas’ seachas an ginideach de ‘Forbairt’ atá cáilithe le haidiacht in ‘Stiúrthóirí Feidhmiúcháin an Chomhlachais Forbartha Idirnáisiúnta’, *the Executive Directors of the International Development Association* (alt 1 den Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 1999).

- ⁷¹ ‘gur móide margadhluach na maoinne sin a hard-acmhainn forbartha’, *that the market value of that property is enhanced by its high potential for development* (alt 10(2)(a) den Acht Cánach Rachmais, 1975).
- ⁷² ‘mion-orgánachtaí, ar gach céim nó staid forbartha’, *micro-organisms in every stage or condition of development* (alt 1 d’Acht na Míngeacha Millteacha agus na Loitmhíola (Comhdhlúthú), 1958).
- ⁷³ ‘ciallaíonn “an Chorparáid” An Chorparáid Forbartha Náisiúnta Teoranta’, “*the Corporation*” means the National Development Corporation Limited (alt 2(1) den Acht um Chorparáid Forbartha Náisiúnta, 1986) – cf. ‘an tAcht um Chorparáid Forbartha Náisiúnta, 1986’, *the National Development Corporation Act, 1986* (Acht Uimh. 5 de 1986).
- ⁷⁴ ‘is cuideachta a bheadh ... ina cuideachta cháilitheach taighde agus forbartha de réir bhrí alt 21’, *being a company which would ... be a qualifying research and development company* (alt 41(3) den Acht Airgeadais, 1990) – cf. ‘Cuideachta cháilitheach taighde agus forbartha’, *Qualifying research and development company* (teideal taoibhe alt 21 den Acht Airgeadais, 1986).
- ⁷⁵ ‘Le linn a feidhm bhainistíochta agus forbartha a chomhlíonadh chun críocha áineasa’, *In the discharge of its management and development function ... for recreational purposes* (alt 1.6 i gCuid 1 d’Iarscríbhinn 2 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999).
- ⁷⁶ ‘críocha ... a bhfuil ... tosaíocht mhór forbartha acu’, *purposes which ... are of high developmental priority* (alt 1(b) d’Airteagal v sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta, 1960); tá ‘forbairt’ cáilithe sa ghinideach in ‘ní dhéanfaidh na leasuithe de chuid an Achta seo ... difear d’aon earnáil forbartha díolmhaithe de bhua alt 4’, *any category of exempted development by virtue of section 4 ... is not affected by the amendments of this Act* (alt 270A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna chur isteach le halt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006). Féach, chomh maith, an easpa séimhithe ar an nginideach de ‘forbraíocht’ in ‘talamh forbraíochta’ sna hAchtanna – cf. fonóta 30 ar lch 75.
- ⁷⁷ Faighimid tagairtí sna hAchtanna do Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna ó 1959 i leith, bliain achtaithe ‘an tAcht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959’, *The Shannon Free Airport Development Company Limited Act, 1959*; cf. ‘an tAcht um Chuideachtaí Lorgtha agus Forbartha Mianraí, 1941’, *the Minerals Exploration and Development Company Act, 1941* (Acht Uimh. 13 de 1941).
- ⁷⁸ *The Western Counties Tourist Development Company* (alt 1 i gCuid 1 de Thábla D sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí, 1963).



Grangegorman Development Agency Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

‘feidhm forbartha iascach intíre’,⁷⁹ ‘foireann forbartha pobail’,⁸⁰ ‘Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin’,⁸¹ ‘an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Pobail’,⁸² ‘gníomhaireacht forbartha tionscail’,⁸³ ‘Oifig Forbartha Muirí na hÉireann’,⁸⁴ ‘An

-
- ⁷⁹ ‘Tabharfar reachtaíocht isteach chun foráil a dhéanamh maidir le feidhm forbartha iascach intíre a fheidhmiú i ndáil le Limistéir an Fheabhail agus Chairlinn’, *Legislation will be introduced to provide for the exercise of an inland fisheries development function in relation to the Foyle and Carlingford Areas* (alt 2.1 i gCuid 6 d’Iarscríbhinn 2 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999).
- ⁸⁰ ‘foireann forbartha pobail a chur ar fáil’, *the supply of community development staff* (alt 4(1)(f) den Acht um an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Pobail, 1982).
- ⁸¹ ‘An tAcht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, 2005’, *the Grangegorman Development Agency Act 2005* (Acht Uimh. 21 de 2005).
- ⁸² ‘Déanfar ... comhlacht dá ngairfear an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Pobail a bhunú an lá bunaithe’, *There shall ... be established on the establishment day a body to be known as the National Community Development Agency* (alt 3(1) den Acht um an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Pobail, 1982, *the National Community Development Agency Act, 1982* [Acht Uimh. 20 de 1982]) – tabhair do d’aire gur san Acht céanna sin a fhaightear ‘beartais fhorbartha pobail agus cláir fhorbartha pobail’ thuasluaite.
- ⁸³ ‘ciallaíonn ‘gníomhaireacht forbartha tionscail’ ... an tÚdarás Forbartha Tionscail in Éirinn’, *‘industrial development agency’ means ... the Industrial Development Authority in Ireland* (alt 442(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú le halt 74(a) den Acht Airgeadais, 1999) – cf. ‘Ní chuirfidh an tAcht seo ceangal ... ar an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire), ... ar Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta’, *This Act shall not bind ... Industrial Development Agency (Ireland), ... Shannon Free Airport Development Company* (alt 4(1) den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978, arna ionadú le halt 2 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 2005).
- ⁸⁴ ‘Leasú ar alt 4A (Oifig Forbartha Muirí na hÉireann) den Acht um Fhoras na Mara 1991’, *Amendment of section 4A (Irish Maritime Development Office) of Marine Institute Act 1991* (teideal taoibhe alt 20 den Acht Cuanta (Leasú), 2009), agus ‘Bunófar laistigh den Fhoras agus mar chuid den Fhoras oifig, ar a dtabharfar Oifig Forbartha Muirí na hÉireann’, *There shall be established within and as part of the Institute an office, to be known as the Irish Maritime Development Office* (alt 4A(1) den Acht um Fhoras na Mara, 1991, arna chur isteach le halt 30(b) den Acht Iascaigh (Leasú), 1999) – ginideach lena ngabhann aidiacht atá anseo agus tá an easpa séimhithe air sin de réir rialacha an Chaihgeáin Oifigiúil.

Roinn Pleanála agus Forbartha Eacnamaíochta',⁸⁵ 'scéim forbartha maoiné'⁸⁶ agus 'staid forbartha na teicneolaíochta'.⁸⁷

Leasú ar riail

Ar fhianaise an taighde sa chaibidil seo, agus sa chaibidil roimhe seo thuas, ar cheist díchéimhithe 'f' tosaigh, táim cinnte de go mbeadh an Coiste a bhunaigh an Rialtas sa bhliain 2010 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil sásta go n-áireofaí díchéimhiú sin 'f-' in ainmfhocail agus ainmneacha briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol, nó ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach, i dteannta díchéimhiú 'f-' ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, i riail ghinearálta an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach. D'éagmais taighde dá leithéid san am, murab ionann agus ainmfhocail sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha, cinneadh nach n-áireofaí díchéimhiú sin 'f-' i gcás ainmfhocal a bheadh faoi réir ag an ainmfhocal firinsneach iolra sin nó ag an ainmfhocal firinsneach uatha sin mar chuid de riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011).⁸⁸ Bhíos-sa, ach go háirithe, inníoch san am, ach a nglacfaí leis an díchéimhiú sna cásanna sin go mbeifí ag iarraidh, ina theannta sin, an t-ainmfhocal a bheadh faoi réir ag an ainmfhocal firinsneach dar críoch consan caol a dhíchéimhiú i roinnt cásanna eile – faoi mar a rinne Rannóg an Aistriúcháin ina dhiaidh sin sa Chaighdeán Athbhreithnithe, mar atá feicthe againn i gcaibidlí éagsúla thuas. Is mór, áfach, idir díchéimhiú 'f-' ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh dar críoch consan caol – nó díchéimhiú 'd-', 't-' agus 's-' i ndiaidh '-d', '-n', '-t', '-l' nó '-s' – agus leathnú an díchéimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol go dtí na cásanna uile ina bhfuil an díchéimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha leagtha síos sa Chaighdeán Oifigiúil, ar leathnú é sin atá déanta sa Chaighdeán Athbhreithnithe.

⁸⁵ *The Department of Economic Planning and Development* (teideal taoibhe alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1977).

⁸⁶ 'Más deimhin le húdarás áitiúil go bhfuil talamh uirbeach ag teastáil ó úinéir na talún sin chun scéim forbartha maoiné a chur i gcrích', *Where a local authority is satisfied that the owner of urban land requires the said land for the purpose of carrying out a scheme of development of property* (alt 25(1) den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 – cf. alt 7(4) (d) den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1984, mar shampla).

⁸⁷ 'ag féachaint ... do staid forbartha na teicneolaíochta poist faoi láthair', *having regard to ... the present state of development of postal technology* (alt 63(2)(b) den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983).

⁸⁸ Féach Foscríbhinn 5 leis seo thíos.

Eagrán 1960 den Chaighdeán Oifigiúil

Lasmuigh de chás ‘f’ tosaigh, tá léirithe i gcaibidil i ndiaidh caibidle thuas nach bhfuil an leathnú atá déanta sa Chaighdeán Athbhreithnithe ar an dÍshéimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol go dtí na cásanna nó na haicmí uile sa Chaighdeán Oifigiúil ina ndíshéimhítear an t-ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha ag teacht le traidisiún aistrithe Achtanna an Oireachtais go tráth foilsithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe. Is athrú an-mhór atá sa leathnú sin ar rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil, ar rialacha iad a bhí mar bhonn le haistriú na nAchtanna ó 1958 i leith ó thaobh na gramadaí de. Mar a chonaiceamar roimhe seo thuas, ní áirítear ach ainmfhocail atá faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha sna samplaí a thugtar de na cásanna nó na haicmí éagsúla eisceachtaí ó riail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil,¹ is é sin, ní thugtar sampla ar bith d’ainmfhocal arna dhíshéimhiú agus é faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol. Ní amháin sin ach is amhlaidh, fiú, gur cuireadh in iúl go sonrath i gCaighdeán Oifigiúil 1958 féin go raibh na heisceachtaí teoranta d’ainmfhocail ‘ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh’. Is mar seo a leanas a ghabh an bhunriail san eagrán tosaigh sin den Chaighdeán Oifigiúil:



Má bhíonn ainmfhocal (nach ainm dílis) sa ghinideach ag brath ar ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, is iondúil go gcuirtear séimhiú air, e.g., *cathaoir shúgáin*, *clann mhac*,² *súil ghloine*, *cloch mhine*, *deoir bhainne*, *pusaíl ghoil*, *bean chabhartha*, *cráin mhuice*, *aimsir bhástí*, *cumainn chrábhaidh*, *ábhair chulaithe*, *innill bhainte*, ach ní gnáth séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh sna cásanna seo—

Leagtar amach na cásanna nó na haicmí éagsúla eisceachtaí díreach i ndiaidh na habairte sin i sé mhír ar leith, (a) go (f).

Is amhlaidh, áfach, gur leasaíodh an sliocht sin thuas nuair a bhí athchló á chur ar Chaighdeán Oifigiúil 1958 i mí Iúil 1960 – rud a fhágann nach athchló a bhí

¹ Is é sin, alt 6(I)(a)-(g) den chaibidil dar teideal ‘Séimhiú agus Urú’ – féach Foscríbhinn 1, mar a dtugtar an riail as cóip den Chaighdeán Oifigiúil a foilsíodh sa bhliain 1998.

² Fillfear ar an sampla áirithe sin ar ball anseo thíos.

ann, dáiríre, ach eagrán athbhreithnithe³ – nó ‘Caighdeán Athbhreithnithe’ – cé go gcuirtear i láthair mar ‘athchló’ ar Chaighdeán Oifigiúil 1958 é san fhoilseachán féin, agus gur mar sin a thagraítear dó sna hathchlónna go léir ar eagrán sin 1960 a foilsíodh ó shin i leith.

Leasú

In eagrán sin 1960 den Chaighdeán Oifigiúil leasaíodh an clásal deiridh den sliocht sin a tugadh thuas as Caighdeán Oifigiúil 1958 chun an easpa séimhithe ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ i ndiaidh ‘-d’, ‘-n’, ‘-t’, ‘-l’ nó ‘-s’ a chur san áireamh, agus fágadh ar lár an tagairt shonrach do na heisceachtaí a bheith teoranta d’ainmfhocail ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh. Is mar seo a leanas a ghabhann an clásal deiridh arna leasú: ‘ach ní gnáth séimhiú ar *d, t, s* i ndiaidh *d, n, t, l, s*, ná sna cásanna seo–’.

Is mar nóta bunleathanaigh a ghabhann le ‘ach ní gnáth séimhiú ar *d, t, s* i ndiaidh *d, n, t, l, s*’ a thugtar samplaí den easpa séimhithe sin, murab ionann agus an tsraith eisceachtaí ó riail an tséimhithe a leagtar amach sna míreanna ar leith sin ó (a) – (f). Agus is amhlaidh go dtugtar dhá shampla d’ainmfhocail gan séimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol, i dteannta cúig shampla d’ainmfhocail gan séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, sa nóta sin:

e.g., saighead draíochta, báid seoil, téad tíre, bean tí, cúirt dúiche, slat tiomána, capaill tincéara.

Dealraíonn sé gur toisc gur bhain an easpa séimhithe sin ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ le hainmfhocail a bhí faoi réir ag ainmfhocail firinsneach iolra dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’ caol, chomh maith le hainmfhocail a bhí faoi réir ag ainmfhocail baininsneach uatha, a rinneadh na focail ‘ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh’ san abairt sin ‘ach ní gnáth séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh sna cásanna seo’ i gCaighdeán Oifigiúil 1958 a fhágáil ar lár in eagrán 1960 den Chaighdeán Oifigiúil agus san iliomad athchlónna a cuireadh ar an eagrán sin sa leathchéad bliain dá éis sin.

Ginideach iolra

Ní amháin nár cuireadh aon sampla firinsneach leis na cásanna nó na haicmí eisceachtaí sin i míreanna (a) go (f) in eagrán 1960 den Chaighdeán Oifigiúil

³ Féach go dtugtar *revised edition* air in Rolf Baumgarten, *Bibliography of Irish Linguistics and Literature 1942-71* (BÁC 1986), E 7, Uimh. 4039, lch 292; cuireadh an mhír seo a leanas leis an réamhrá a ghabh le Caighdeán Oifigiúil 1958 in eagrán athbhreithnithe sin 1960:

Tharla athchló á chur ar an leabhar seo baineadh feidhm as an gcaoi sin chun roinnt dearmad cló agus mionearráidí eile a cheartú, agus chun mionleasú a dhéanamh anseo agus ansiúd d’fhonn nithe áirithe a shoiléiriú – féach lgh. 1, 11-13, 15, 17, 23, 84, 89, 119. Cuireadh ábhairín focal sa bhreis leis an bhfoclóirín.

Na leasuithe a rinneadh ar lch 84 is cás linne anseo.

ach is amhlaidh nár áiríodh aon sampla firinsneach in aicme nua eisceachtaí a cuireadh sa Chaighdeán Oifigiúil den chéad uair le heagrán athbhreithnithe sin na bliana 1960, is é sin, an díshéimhiú ar ghinideach iolra i ndiaidh cnuasainm, atá mar mhír (g) sa Chaighdeán Oifigiúil ó shin i leith. Baineadh ‘clann mhac’ den liosta samplaí a chonaiceamar thuas den séimhiú a thugtar i gCaighdeán Oifigiúil 1958, agus cuireadh isteach sa mhír nua sin (g) é, mar eisceacht ó riail nua sin díshéimhithe an ghinidigh iolra i ndiaidh cnuasainm, ar riail í a dtugtar ‘saithe beach’, ‘scuaine gasúr’, ‘sealbh caorach’ agus ‘táin bó’ mar shamplaí di. Mar sin, maidir le riail nua díshéimhithe an ghinidigh iolra i gCaighdeán Athbhreithnithe 2012 (nach bhfuil teoranta don ghinideach iolra i ndiaidh cnuasainm, mar atá sa Chaighdeán Oifigiúil ó 1960 i leith, ach atá le cur i bhfeidhm i ndiaidh gach ainmfhocail), ní amháin nach raibh a leithéid i gCaighdeán Oifigiúil 1958 ach is amhlaidh nach raibh riail díshéimhithe an ghinidigh iolra i ndiaidh cnuasainm (bhaininscnigh), atá sa Chaighdeán Oifigiúil ó 1960 i leith, i gCaighdeán Oifigiúil 1958.

Díshéimhiú ‘f’ tosaigh

D’fhéadfadh sé, chomh maith, go raibh baint ag an easpa séimhithe sin ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’ caol, agus ag an tslí ar áiríodh an easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh leis an easpa séimhithe ar na consain sin sna cásanna sin, le leasuithe éagsúla an Chaighdeáin Athbhreithnithe lena gcuirtear ainmfhocail fhirinsneacha iolra dar críoch consan caol san áireamh le hainmfhocail bhaininsceacha uatha in aicmí éagsúla na n-eisceachtaí ó thaobh an tséimhithe de atá sa Chaighdeán Oifigiúil. I ndrúacht-tuarascáil ar an gCaighdeán Oifigiúil a cuireadh i dtoll a chéile i Rannóg an Aistriúcháin thart ar an tréimhse 2001/2,⁴ cuirtear síos mar a leanas ar chás ‘f’ tosaigh:

Glacann Rannóg an Aistriúcháin leis an treoir seo a leanas:

nach séimheofaí *f* nuair a bhíonn sé i dtús ainmfhocail atá (a) ag cáiliú ainmfhocail bhaininscnigh san uatha nó (b) ag cáiliú ainmfhocail san iolra a bhfuil consan caol ina dheireadh, m.sh.

- (a) ‘Teicneolaíocht faisnéise’ = *information technology*
‘Foirnéis frithspré’ = *reverberating furnace*⁵
- (b) ‘Cuntais feirme’ = *farm accounts*
‘Painéil fásála’ = *facing panels*⁶

⁴ Cf. fonóta 10 i gCaibidil 15 thuas.

⁵ Féach <http://www.acmhainn.ie/tearmai/01r.htm>: ‘*reverberating furnace* (Ind.) foirnéis *f2* frithspré’ – bheifí ag súil leis an bhfoirm ghinidigh ‘frithspréite’ anseo (féach FGB, s.v. ‘frithspré’, ainm briathartha an bhriathair ‘frithspréigh’, (of heat), *Reverberate*).

⁶ Féach <http://www.acmhainn.ie/tearmai/01f.htm>: ‘*facing panels* (Woodw.) painéil *mpl* fásála’ – téarma gúndáireachta atá in ‘fásáil’ de réir Fhoclóir Uí Dhónaill.

Feicimid sa treoir sin thuas an tslí a gcuirtear an t-ainmfhocal baininsneach uatha agus an t-ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol le chéile ó thaobh na heaspa séimhithe de. Díol suntais gur téarmaí a bhí faoia ag an gCoiste Téarmaíochta atá in ‘foirnéis frithspré’ agus ‘painéil fásála’ araon thuas,⁷ agus ní haon iontas é go bhfuil an t-ainmfhocal baininsneach uatha agus an t-ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol curtha le chéile i gcás na heaspa séimhithe ar ‘f-’ sna ‘Moltaí’ ón gCoiste sin ‘maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’ (2003), chomh maith:

Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús f i ndiaidh ainmfhocal baininsneach:
oíche fómhair, bean feasa, foireann fichille, cúirt filíochta, deoir fola
... Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús f i ndiaidh ainmfhocal iolra dar críoch consain chaola:
baill foirne, crainn fuinseoige, combaid fuaimne, imill féir, turais farraige.

Bhí Maolmhaodhóg Ó Ruairc tar éis an easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh ar lorg an ainmfhocail fhirinsneach iolra dar críoch consan caol agus ar lorg an ainmfhocail bhaininsneach uatha araon a áireamh leis an easpa séimhithe ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ ar lorg ‘-d’, ‘-n’, ‘-t’, ‘-l’ nó ‘-s’ ina mhonagraf *Ainmfhocail faoi réir a chéile* (1996).⁸

Is ar an ainmfhocal iolra dar críoch consan caol a chuirtear an bhéim agus ‘treoir’ sin thuas Rannóg an Aistriúcháin á cuimsiú sa Chaighdeán Athbheithnithe. Is éard a dhéantar sa Chaighdeán sin ná an easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh a chur san áireamh sa chuid sin de ‘riail’ an Chaighdeáin Oifigiúil a bhaineann leis an easpa séimhithe ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ i ndiaidh ‘-d’, ‘-n’, ‘-t’, ‘-l’ nó ‘-s’ agus tús áite a thabhairt d’eiseamláirí den easpa séimhithe i ndiaidh an ainmfhocail iolra dar

⁷ Is ón gCoiste Téarmaíochta a fuarthas an dá théarma sin lena gcur ar an suíomh *www.acmhainn.ie* (féach an dá fhonóta roimhe seo thuas).

⁸ Féach *op. cit.*, lch 3, mar a ndeir sé, tar éis dó tuairisc a thabhairt ar an easpa séimhithe ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ ar lorg an ainmfhocail fhirinsneach iolra dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’ de réir *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960):

Ní mór a rá freisin nach séimhítear ainmfhocal dar tosach f ach go hannamh is cuma cad is críochlitir don ainmfhocal roimhe: *ioncaim feirme, innill fuála, rialacháin foirne, caiteachais feirme*. Ach *buíon fhómhair, leaba fhlocais, deoir fheartainne*. Tá suas le 30 eisceacht in FGB.

Agus féach *ibid.*, lch 5, tar éis na tuairisce uaidh ar an easpa séimhithe ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ ar lorg an ainmfhocail bhaininsneach uatha dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’ de réir *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*:

Ní chuirtear séimhiú ar f de ghnáth is cuma cad í an chríochlitir atá roimhe: *tonn feirge; rannóg faisnéise; sraith féir; ascaill farraige; scian fola*; ach *an ghlóir fhlaitiúnais*.

Áirítear an eisceacht sin (i.e. ‘an ghlóir fhlaitiúnais’) in eagrán 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (arna fhoilsiú ag an nGúm), mar a dtugtar ‘deoir fola’ mar shampla den easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha – ní áirítear easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh ar lorg ainmfhocail fhirinsneach iolra dar críoch consan caol, ach oiread le heaspa séimhithe ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ ar lorg ainmfhocail fhirinsneach iolra dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’, sa Ghraiméar sin.

críoch consan caol sa leagan nua den riail:

Riail maidir le d, n, t, l agus s agus f: ní shéimhítear ainmfhocail éiginnte dar tús na litreacha *d, t* nó *s* i ndiaidh *d, n, t, l* nó *s*; ná ní ionduíl ainmfhocail éiginnte dar tús *f* a shéimhiú tar éis ainmfhocail eile:–

báid seoil, capaill seilge, turais taighde, caighdeáin tástála, saighead draíochta, saotharlann taighde, téad tíre, bean tí, cúirt dúiche, beirt dochtúirí (eisceachtaí: áit dhúchais, maidin shamhraidh); searraigh folaíochta, beithígh feirme, botháin freastail, bean feasa, oíche filíochta, sochaí faisnéise, teicneolaíocht faisnéise.

Feicfear cé chomh mór d’athrú ar an gCaighdeán Oifigiúil atá sa riail sin ach í a chur i gcomórtas lena bhfaightear sa Chaighdeán Oifigiúil:

ní gnáth séimhiú ar *d, t, s* i ndiaidh *d, n, t, l, s**

**e.g., saighead draíochta, báid seoil, téad tíre, bean tí, cúirt dúiche, slat tiomána, capaill tincéara.*

Díol suntais go dtugtar an riail faoin séimhiú ar ainmfhocail éiginnte ar lorg ainmfhocail iolra dar críoch consan caol, agus an eisceacht ón riail sin i gcás *d-*, *s-* agus *t-*, in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960) roimh riail an tséimhithe ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, agus an eisceacht ón riail sin i gcás focal dar tús *d-*, *s-* agus *t-* ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh:

Séimhítear túsconsan ainmfhocail sna cásanna seo a leanas:–

... Tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm bhriathartha atá faoi réir ag ainmfhocail eile a thagann go díreach roimhe:

(a) nuair is ainmfhocail iolra dar críoch consan caol an chéad ainmfhocail:
buidéil bhainne; éisc mhara.

Eisceacht: Ní shéimhítear *d, s, t* ar lorg *d, l, n, s, t-* *poill deataigh; báid saighne.*⁹

Díol suntais, chomh maith, go gcuirtear in iúl díreach ina dhiaidh sin sa Ghraiméar sin, sula ndírítear ar riail an tséimhithe ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, go bhfuil ‘roinnt eisceachtaí eile ann ar deacair a dtabhairt faoi riail’ – is é sin, eisceachtaí eile ó riail an tséimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra.

An díshéimhiú á leathnú

In ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’, chomh maith leis an easpa séimhithe ar ainmfhocail dar tús ‘f’ agus iad faoi réir ag ainmfhocail iolra dar críoch consan caol a chur san áireamh,¹⁰

⁹ Féach Foscríbhinn 2, mar a dtugtar riail séimhithe an Ghraiméir sin ina hiomláine.

¹⁰ ‘Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús *f* i ndiaidh ainmfhocail iolra dar críoch consain chaola: ... *baill foirne, crainn fuinseoige, combaid fuaimne, imill féir, turais farraige*’ (<http://www>).

rinne an Coiste sin an dísheimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol a chur san áireamh i gcás aicme amháin de na haicmí dísheimhithe a leagtar amach sa cháipéis sin.¹¹ Ina alt ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’ (2003) rinne Micheál Ó Murchú an dísheimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol a chur san áireamh i dtrí cinn de na haicmí dísheimhithe a leagann seisean amach,¹² de bhreis ar an dísheimhiú sin a chur san áireamh i gcás focal dar tús ‘f’ agus i gcás ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ i ndiaidh ‘-d’, ‘-n’, ‘-t’, ‘-l’ nó ‘-s’. Sa Chaighdeán Athbhreithnithe téitear níos faide fós, ag cur dísheimhiú ainmfhocal agus iad faoi réir ag ainmfhocal firinscneach iolra dar críoch consan caol san áireamh i ngach cás nó aicme sa Chaighdeán Oifigiúil ina n-áirítear an easpa séimhithe ar ainmfhocal sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha.

Ní hamhlaidh go bhfuil an dísheimhiú córasach sin atá leagtha amach sa Chaighdeán Athbhreithnithe ag teacht le scríobh ná le labhairt na Gaeilge. Tá sin feicthe againn i dtaca le scríobh na Gaeilge de ach go háirithe i gcaibidlí éagsúla thuas, inar tugadh samplaí den séimhiú ar lorg an ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol ní amháin as Achtanna an Oireachtais ach as scríbhinní le húdair éagsúla Ghaeltachta, chomh maith. Sa chéad chaibidil eile feicimid nach bhfuil an dísheimhiú córasach sin ag teacht le labhairt na Gaeilge sa Ghaeltacht, mar a léirítear sin i sainstaidéir ar roinnt de na canúintí.

acmhainn.ie/caighdean.htm) – féach lch 297 thuas agus Foscríbhinn 4 thíos.

- 11 ‘Nuair a leanann ainmfhocal nó ainm briathartha éiginnte ainmfhocal iolra dar críoch consan caol, moltar an dara hainmfhocal a shéimhiú ... ach amháin nuair atá an chéad ainmfhocal ina thréith, ina pháirt de, le haghaidh nó faoi úinéireacht an dara ceann: *ábhair múinteoirí, baill comhairle, comhaid bainisteora, imill bóithre, sliogáin páiste, tuarastail múinteoirí*’ (<http://www.acmhainn.ie/caighdean.htm>) – féach lch 162 thuas agus Foscríbhinn 4 thíos.
- 12 Tugann sé ‘na hábhair múinteoirí/sagart’, ‘caointeacháin páistí’, ‘diabhail gasúr’, ‘ioscadáin gasúr’, ‘macaomh ban’, ‘ógánaigh ban/fear’ agus ‘smugacháin buachaillí’ faoin gceannteideal ‘comhaonad eolais (ar dhaoine)’ (lch 160), i dteannta leithéid ‘óinseach mná’ (a áirítear sa Chaighdeán Oifigiúil mar shampla den easpa séimhithe ‘más ginideach comhaisnéise atá ann agus gur daoine atá i gceist’); de bhreis ar shamplaí a tugadh roimhe seo thuas (leithéidí ‘buidéil bainne’ agus ‘crotaigh mara’ [féach lch 162 thuas]), áiríonn sé ‘preabánaigh caca’ (lch 160 den alt thuasluaite), mar aon le ‘fir cosanta/glanta’, ‘gearáin cáinte’, ‘innill bainte’, ‘turaís treoraithe’ agus ‘ábhair/páipéir plé’, faoin gceannteideal ‘cé leis nó cé lena aghaidh rud/duine’ (lch 161 [cf. lch 122-3 thuas]); agus faoin gceannteideal ‘cnuasainm á cháiliú (cáilitheoir de ghinideach iolra)’ tugann sé ‘beithigh capall’ agus ‘cnuasaigh focal’ (lch 163), chomh maith le ‘cnuasaigh dánta’ (féach lch 167-8 thuas).

Na canúintí

I gcaibidlí éagsúla roimhe seo sa Chuid seo den staidéar tugadh samplaí as scríbhinní le húdair ó Ghaeltachtaí éagsúla den ghinideach séimhithe ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh dar críoch consan caol. Faoi mar a rinneadh i gCuid 1 i gcás an ainm bhriathartha agus é faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha, féachaimid anseo thíos ar an léargas a thugann roinnt leabhar ar chanúintí éagsúla ar cheist an tséimhithe ar an ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach dar críoch consan caol. Féachfar, chomh maith, ar an léargas a thugtar san leabhair sin ar an séimhiú i gcás an ghinidigh iolra ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh nó bhaininscnigh, ar séimhiú é sin a bhí faoi chaibidil againn i gCaibidil 9 thuas.



Dealraíonn sé ó na sainstaidéir seo gurb í an bhunriail, i gCois Fharráige agus i gCorca Dhuibhne ach go háirithe, ná go mbíonn séimhiú ar an ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol agus go mbíonn séimhiú ar an nginideach iolra ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha agus ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol.

Ros Goill


I dtaca le hUlaidh de, ar dtús, in *A Grammar of Ros Goill Irish* deir Leslie W. Lucas: ‘*An indefinite common noun in the genitive is ... sometimes lenited But more often there is no lenition.*’ Ar na samplaí séimhithe a thugann sé tá ‘dornáin fhéir’, ‘thit siad isteach sna poill chláibair’ agus ‘lua(ch) na mbearaid shíoda’, agus ar na samplaí den easpa séimhithe a thugann sé tá ‘saic mine’, ‘cnapáin créafóige’, ‘galúin bainne’ agus ‘laethaibh samhraidh’.¹ Deir sé, áfach, sa réamhrá a ghabhann leis an leabhar, go bhfuil seanchóras an tséimhithe ag titim as a chéile, go pointe.² Maidir leis an ainmfhocal sa ghinideach iolra, tugann Leslie Lucas ‘tine chipíní’³ ar láimh amháin agus ‘troid madaí’⁴ ar an láimh eile; agus tugann

¹ *Op cit.*, lch 11, §26 – is i scríbhinn foghraíochta a thugann an t-údar na samplaí sin thuas agus aistriúnn sé iad, faoi seach, mar a leanas: *handfulls of grass; they fell into mud holes; the price of the silk caps; sacks of meal; lumps of clay; gallons of milk agus summer days.*

² ‘*The old system of lenition ... is partly breaking down*’ (*ibid.*, lch. viii).

³ *a fire of sticks* (*ibid.*, lch. 9, §23 – arís, is i scríbhinn foghraíochta a thugann Leslie Lucas an sampla sin).

⁴ *a dog fight* (*ibid.*, lch. 10, §23(d)(ii) – arís, is i scríbhinn foghraíochta a thugann an t-údar an sampla sin); gníomhaí atá in ‘madaí’ anseo, dar leis an údar.



Tomás de Bhaldraithe

sé ‘baint phrátaí’ agus ‘tógáil phrátaí’, chomh maith le ‘díol phrátaí’.⁵

Cois Fharraige

Ag dul ó dheas dúinn, in *Gaeilge Chois Fhairrge – An Deilbhíocht* le Tomás de Bhaldraithe, cé go n-áiríonn an t-údar ‘fir tíre’, ‘fir baile mhóir’, ‘soip tuighe’, ‘sgoilb s(h)ailí’ agus ‘coiligh fraoigh’ mar leaganacha ‘inar cloiseadh ainm éiginnte sa nginideach agus gan séimhiú air, ar lorg ainm iolra den chéad díochlaonadh a chríochnaíos le consaine caol nó le $\text{ə} < \text{igh}$ ’,⁶ deir sé roimhe sin: ‘Is iondúil ... go séimhítear ainm éiginnte atá sa nginideach ag brath ar ainm eile, nuair sé tá sa gcéad ainm ... (ii) ainm firinsneach sa nginideach uatha; (iii) ainm iolra chríochnaíos le consaine caol nó le

$\text{ə} < \text{igh}$ ’.⁷ Ar shamplaí den séimhiú ar lorg ainmfhocail firinsneach uatha sa ghinideach a thugann sé tá ‘oidhche chinn bhliadhna’,⁸ ‘lán an chléibh fheamainne’ agus ‘i lár an phoill bháite’⁹ – ar ndóigh, is sampla den ghinideach séimhithe den ainm briathartha atá ar aon dul leis an aidiacht bhriathartha atá sa sampla deiridh sin aige. Agus, ar na samplaí a thugann sé den séimhiú ar lorg an ainmfhocail iolra dar críoch consan caol, tá ‘buidéil phórtair’, ‘boilg cheardchan’, ‘trí boird fheamainne’, ‘poill ghaineamh’, ‘cléibh fhataí’, ‘sgoilb choll’, ‘faochain sheilmidí’, ‘sgamaill bháistí’, ‘bromaigh shléibhe’, ‘sgadáin ghaineamh’ agus ‘faochain chapail’.¹⁰

In ‘cléibh fhataí’ agus ‘faochain’¹¹ sheilmidí’ thuas feictear samplaí den séimhiú ar an nginideach iolra agus, ar shamplaí den ghinideach iolra ar lorg ainm-

⁵ *Ibid.*, lch. 11, §27 – *digging potatoes, lifting potatoes* agus *selling potatoes* faoi seach – ar ndóigh, is ainmfhocal firinsneach atá san ainmfhocal a bhfuil ‘prátaí’ faoi réir aige sa sampla deiridh sin thuas.

⁶ *Op cit.*, lch 264, §498.

⁷ *Op cit.*, lch 262, §495.

⁸ Tugann sé ‘Lá Chinn Bhliana’, chomh maith, *op. cit.*, lch 265, §501 (ii).

⁹ *Ibid.*, lch 262, §495 (ii).

¹⁰ *Ibid.*, lch 262, §495 (iii), agus fonóta 1 ar lch 262 (don dá shampla dheireanacha sin) – áirítear na samplaí seo a leanas sa liosta sin, chomh maith: ‘luchtaíl mhóna’, ‘plumpail mhóra thoirní’, ‘slamaíl fheamainne’ agus ‘tomaíl fhraoigh’; bíonn séimhiú i ndiaidh ‘beithidhigh’ (m.sh. ‘beithidhigh shléibhe’ agus ‘beithidhigh chíos’) ach ní bhíonn i ndiaidh ‘soithigh’ (m.sh. ‘soithigh seóil’ agus ‘soithigh tráicht’), dar leis (*ibid.*, lch 263).

¹¹ Mar a cuireadh in iúl roimhe seo sa staidéar, is ainmfhocal baininsneach den chúigiú díochlaonadh atá in ‘faocha’ (cosúil le ‘lacha’); díol spéise, áfach, gur ‘fáechan’, seachas ‘fáecha’, atá mar fhoirm an cheannfhocail in DIL, agus go n-áirítear mar ainmfhocal firinsneach (o-ghas) é – tabhair do d’aire go dtugtar ‘faochain mara’ (i.e., gan séimhiú) as an

fhocail bhaininscigh uatha a thugann Tomás de Bhaldraithe, tá ‘claimh mhíoltógaí’, ‘áit bhreagh-dha ghéabha’,¹² ‘mám fhataí’ agus ‘beirt shiúinéaraí’.¹³

Iorras Aithneach

In *The Irish of Iorras Aithneach*, deir Brian Ó Curnáin, i dtaca leis an ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal firinscneach dar críoch consan caol sa ghinideach uatha:

*Lenition of the noun following an inflected genitive occurs in the set calendar term ... Lá Chinn Bhliana. ... Nonlenition of a dependent noun follows a genitive inflected noun.*¹⁴

Ar na samplaí den easpa séimhithe sin a thugann sé tá ‘in aghaidh an tsagairt pobail’, ‘in ainm an tsagairt pobail’, ‘ag dóirteadh an chairr móna sin’ agus ‘bhí sé ina thogha fir maide’.¹⁵ Ar shamplaí den séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscneigh iolra a thugann sé tá ‘urláir chlár’, ‘bioráin chnitéála’, ‘fóid mhóna’, ‘fir bhréige’, ‘buidéil phórtair’, ‘poill fhataí’, ‘poill choiníní’, ‘carnáin cheilpe’, ‘na cinn phise’ agus ‘amhráin Bhéarla’.¹⁶ Ar an lámh eile, tugann sé ‘fir ceirde’ agus ‘fir maide’, chomh maith.¹⁷

I dtaca leis an nginideach iolra, deir an Curnánach: ‘*Dependent plural nouns, whether inflected for the genitive or not, seem to be less commonly lenited, in some instances the head noun is a collective noun.*’¹⁸ Ar na samplaí a thugann sé tá ‘áit ghliomach’ agus ‘áit ballach’; ‘an chailleach chearc’ v. ‘cailleach cearc’; ‘coill shlata mara’ agus ‘trá shlataí mara’; ‘coiriceog meachan’ v. ‘mil mheach’; ‘as plúr na mil mheach’ v. ‘as plúr mhil meach’; ‘crosóg brobh’ agus ‘tom broibh’ v. ‘tom bhrobh’ agus ‘tomaíl bhrobh’; ‘glaise fhataí’ v. ‘glaise fataí’; ‘léim cos’; ‘móin ghiolcaí’; ‘plá mhíoltóg’ agus ‘plá mhíoltógaí’; ‘púir mheachain’ agus ‘púir chlocha sneachta’ v. ‘púir míoltógaí’ agus ‘púir druideachaí’; ‘tine chnámh’ agus ‘tine chnáimh’ v.



Brian Ó Curnáin i dteannta an Uachtaráin Máire Mhic Giolla íosa ag ócáid seolta mhórshaothar an Churnánaigh.

leagan de *Sanas Cormaic* a fhaightear in *Leabhar Buí Leacáin* (lámhscríbhinn a scríobhadh sa chúigiú agus sa séú haois déag) san iontráil s.v. ‘fáechan’ san fhoclóir sin.

¹² Is é sin, iolra malartach ‘gé’ in FGB.

¹³ *Ibid.*, lch 262, §495 (i).

¹⁴ *Op cit.*, Iml. III, lch 1729, §9.47.

¹⁵ *Ibid.*

¹⁶ *Ibid.*, lch 1750, §9.74 – tugann sé ‘faochain chapail’ agus ‘faochain sheilméidí’ san alt sin, chomh maith (cf. fonóta 11).

¹⁷ *Ibid.*, lch 1751, §9.75.

¹⁸ *Ibid.*, lch 1741, §9.58.

‘tine crámh’; ‘tom bhrobh’, ‘tuimín bhrobh’, ‘tom bhrothóg’, ‘tom dhrise’ agus ‘tom dhris’ v. ‘tom dris’, ‘tom driseachaí’, ‘tom seileastruim’, ‘tom cíbe’ agus ‘faoi bhun tom sailcheánach ... bheadh an tom shailcheánach’; ‘óíche taibhsi’.¹⁹

Corca Dhuibhne

Ar deireadh, in *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, cé go dtugann Diarmuid Ó Sé ‘birt craoibhe’, ‘botháin ba’, ‘cléirigh bainc’ agus ‘méaracáin púcaí’²⁰ mar shamplaí de fhrásaí ina mbíonn an séimhiú in easnamh, agus go ndeir sé nach mbíonn séimhiú i ndiaidh an fhrása dhrochmheastúil ‘na diabhail’ ag cainteoirí áirithe (ag tabhairt ‘na diabhail buachaillí’²¹ mar léiriú air sin), tugann sé na samplaí ‘téann na diabhail chearca isteach’ agus ‘na diabhail shicíní’ ó chainteoirí eile, agus deir faoin séimhiú i gcoitinne: ‘Séimhítear ainm éiginnte (gan cháilitheoir) atá ag cáiliú ainm firinsneach iolra dar críoch consan caol’, agus tugann sé ‘buidéil bhainne’, ‘beithígh ghamhna’ agus ‘sliogáin bheaga chloch’²² mar shamplaí den séimhiú sin.

Is sampla den ghinideach iolra faoi shéimhiú atá sa sampla deiridh sin, i gcomórtas le ‘méaracáin púcaí’ roimhe sin thuas, agus tugann Diarmuid Ó Sé ‘cathaoir shúgán’,²³ ‘clais chloch’, ‘coirceog mheach’ agus ‘ráth mhaircréal’ mar shamplaí den séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte atá ag cáiliú ainmfhocal baininsneach²⁴ – tagann ‘clais chloch’ agus ‘coirceog mheach’ ach go háirithe leis an iliomad samplaí a tugadh i gCaibidil 9 thuas den séimhiú a fhaightear ar an nginideach iolra sa Ghaeilge.

¹⁹ *Ibid.*

²⁰ *Op. cit.*, lch 62, §97; deir Diarmuid Ó Sé nach mbíonn aon séimhiú ‘i bhfrásaí comh-aisnéise’ agus tugann sé ‘focail cainte’ i measc na samplaí de na frásaí sin (*ibid.*, lch 62, §96).

²¹ *Ibid.*

²² *Ibid.*

²³ Tabhair do d’aire gurb é an ginideach uatha a fhaightear i ndiaidh ‘cathaoir’ i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i bhFoclóir an Duinnínigh araon.

²⁴ *Ibid.*, lch 61-2, §95.

· othair chónaithe · innill chrúite
· scéim chaomhnaithe cósta · fir chosanta
· na tíre · tine chipíní · ospidéil
· mheabhghalar · cuideachta chuain
· údaráis chuain · ola bhealaithe · liúntais
chothaithe · seirbhís bheartaithe muiríne
· cumainn chosanta géim · scéim chúitimh
· liúntais bhontreach · boird bhainistíochta
· cáin fháil ar caipitiúil · aonaid chúraim
speisialta · cros chéasta · liúntais chothaithe
· Croch Céasta Chríost · innill bhainte
móna · scoil bhunghairí · pinsín mhúinteoirí
· cuairt mhíosa · ta cinn bhíolána · litir mholta
· maíocht thábhachtach · bean chasta an tuirne
· a fhíor choscartha gach cáil
· leaba phrátaí · corcáin phrátaí · cuideachta
thrádáil · cumainn pholaitíochta
· ortha chosanta · bronntanais mósta
· seachtán bhailithe na rátaí · bhair
thruaillithe an atmaisféir · troic bhataí
· poill choiníní · foirm thoilithe · gadhair
threoraithe · crith chos · leabhair chuntas
· long phlaisinéirí · boird ghobharnóirí
· seisreach chapall · galláin chloch
· cliatháin chnoic

Feidhmeanna an ghinidigh agus fasaigh fhirinsneacha

De réir an Chaighdeáin Athbheithnithe, bíonn ‘dhá phríomhfheidhm leis an tuiseal ginideach’ i gcás ainmfhocail sa ghinideach atá ‘ag brath ar ainmfhocal baininsneach uatha ... nó ar ainmfhocal firinsneach iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol’ – feidhmíonn sé ‘mar ghinideach aidiachtach’ nó ‘mar ghinideach comhbhainte’.¹ Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal más ginideach aidiachtach atá ann ach fágtar gan séimhiú é más ginideach comhbhainte atá ann.

Murab ionann agus ‘ginideach aidiachtach’,² is coincheap nua atá in ‘ginideach comhbhainte’.³ Dealraíonn sé nach bhfaightear ‘comhbhaint’, nó foirmeacha atá bunaithe ar an gcomhfhocail sin, ach i níos lú ná scór Achtanna,⁴ ach nach bhfaightear aon sampla de sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal eile,

¹ Féach *An Caighdeán Athbheithnithe*, lch 199: ‘Má tá ainmfhocal (nach ainm dílis) sa ghinideach ag brath ar ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocal firinsneach iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, cuirtear séimhiú air nó fágtar é gan séimhiú faoi réir na rialacha atá leagtha amach anseo thíos.

‘Bíonn dhá phríomhfheidhm leis an tuiseal ginideach i gcásanna den sórt sin: mar ghinideach aidiachtach agus mar ghinideach comhbhainte.’

² Scríobh John H. Molloy, mar shampla, in *A Grammar of the Irish Language*, a foilsíodh sa bhliain 1867: ‘*A feminine noun aspirates the possessive case of the noun it governs when the latter is used adjectively*’ – tugann sé na samplaí seo a leanas: ‘ubh chirce’, *a hen egg*; ‘cráin ghé’, *a female goose*; ‘cloch mhine’, *a stone of meal*; ‘cloch choirce’, *a stone of oats*; ‘cual fhéir’, *a truss of hay*; ‘bó bhainne’, *a milch cow*; ‘cruach mhóna’, *a rick of turf*; ‘cior mheala’, *a honeycomb*; ‘leac chloiche’, *a flat stone*; ‘tine ghuail’, *a coal fire*; ‘cairt fhéir’, *a cart of hay*, agus ‘cual thuighe’, *a truss of straw* (lch 122).

I dtaca le tagairt sa chéad seo, is mar seo a leanas a chuirtear tús le riail an tséimhithe in ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’: ‘Nuair a bhíonn an chéad ainmfhocal á cháiliú ag an dara ceann mar a bheadh aidiacht ann, séimhítear an dara hainmfhocal, mar a léiríonn na haicmí thíos: ... (i) más i gcáil aidiachta atá an dara hainmfhocal nó ainm briathartha’ (cf. Foscríbhinn 4). Agus tá ‘feidhmiú mar a bheadh foirm aidiachtach ann’ mar cheannteideal ar cheann de na haicmí nó na grúpaí téarmaí ina séimhítear an cáilitheoir neamhchinnte ainmfhoclach ag Micheál Ó Murchú ina alt ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’.

Féach, chomh maith, cur síos Lewis agus Pedersen ar an séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach i nGluaiseanna Würzburg, a tugadh i bhfonóta 72 i gCaibidil 2 thuas, mar a ndeir siad: ‘*In Irish noun-forms which lenite a following adjective lenite also a following genitive in close connection with them. ... This occurs in the Würzburg Glosses when both nouns practically form a compound or when the genitive has the value of an adjective.*’ I dtaca leis an aois seo caite, féach cur síos Chormaic Uí Chadhlaigh ar an séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach a thabharfar ar ball sa chaibidil seo.

³ Dealraíonn sé nach bhfuil ‘comhbhaint’ le fáil i bhFoclóir Uí Dhónaill, mar shampla.

⁴ D’fhéadfadh sé, áfach, go bhfuil samplaí den fhocal seo in Achtanna a aistríodh le blianta beaga anuas agus nach bhfuil ar fáil ar www.achtanna.ie.

mar atá in ‘ginideach comhbhainte’. Tá leas bainte as ‘comhbhaint’ ag Rannóg an Aistriúchán chun *relationship*⁵ agus *relations*⁶ araon a aistriú i roinnt de na hAchtanna sin. Aistriú ‘comhbhaint a bheith ag ... le’ *to be common to*,⁷ i gcúpla

⁵ ‘aon áit ina mbeidh cuid shubstaintiúil d’oibleagáidí na comhbhainte tráchtála le comhlíonadh nó an áit lena mbeidh an bhaint is dlúithe ag ábhar na díospóide’, *any place where a substantial part of the obligations of the commercial relationship is to be performed or the place with which the subject matter of the dispute is most closely connected* (Arteagal 1(3)(b)(ii) den téacs sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Eadrána, 2010) – cf., m.sh., ‘ní fholáíonn sé cíos feo-fheirme is iníochta faoi dheontas a bhunaíos comhbhaint tiarna talún agus tionónta’, *but does not include a fee-farm rent payable under a grant which creates the relationship of landlord and tenant* (alt 2(1) de Reacht na dTréimhsí, 1957), agus ‘Féadfaidh sé a dhearbhu freisin nach gcuirfidh sé an Coinbhinsiún chun feidhme ach amháin maidir le heasaontais a eascróidh ó chomhbhaintí dlíthiúla, conarthach nó eile, a meastar gur comhbhaintí tráchtála iad faoi dhlí náisiúnta an Stáit a dhéanfaidh an dearbhú sin’, *It may also declare that it will apply the Convention only to differences arising out of legal relationships, whether contractual or not, which are considered as commercial under the national law of the State making such declaration* (alt 1 sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Eadrána, 1980); is mar ‘comhbhainteachas’ a aistrítear *relationship* i leagan den abairt sin thuas as Acht 1957 in Acht ón mbliain 1983: ‘ciallaíonn “cíos feofheirme” cíos is iníochta faoi dheontas feofheirme cibé acu a bhunaíonn nó nach mbunaíonn an deontas feofheirme comhbhainteachas tiarna talún agus tionónta’, *“fee farm rent” means a rent payable under a fee farm grant whether the fee farm grant does or does not create the relationship of landlord and tenant* (alt 1(2) den Acht Cumann Foirgníochta (Leasú), 1983).

⁶ ‘Déanfar socrú le rialacha ginearálta chun comhbhaint an Chláraitheora leis na cláraitheoirí áitiúla, faoi seach, agus chun an t-urlámhas a bheidh le feidhmiú ag an gCláraitheoir ar gach cláraitheoir áitiúil, a chinneadh’, *Provision shall be made by general rules for determining the relations between the Registrar and the several local registrars and the control to be exercised by the Registrar over each local registrar* (alt 11 den Acht um Chlárú Teidil, 1964) – féach alt 126(2)(b), chomh maith: ‘comhbhaint na príomhoifige leis na hoifigí áitiúla’, *the relations between the central office and the local offices*, agus cf., m.sh., ‘Comhbhaint leis na Náisiúin Aontaithe agus le hEagraíochtaí eile’, *Relations with the United Nations and other Organizations* (alt 29 sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um an gComhchiste Idirnáisiúnta do Thráchtarraí, 1982).

⁷ ‘aon cheist dlí nó fíorais a mbeidh comhbhaint aici le dliteanas an éilitheora i leith an duine dhíobháilte agus le dliteanas an ranníocóra i leith an duine dhíobháilte’, *any question of law or fact common to the claimant’s liability to the injured person and the contributor’s liability to the injured person* (alt 29(3) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961) – cf. ‘Forálacha a bhfuil Comhbhaint acu le Críocha na bPáirtithe sa Choinbhleacht’, *Provisions common to the Territories of the Parties to the Conflict* (ceannteideal alt 1 i gCuid III den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962).

Ag dul siar dúinn go dtí na hAchtanna luatha, faightear ‘i gcó-bhaint le’ mar aistriúchán ar *in connection with* in Acht amháin – ‘na háitreabhacha a úsáideann an gnóthaire sin i gcó-bhaint leis an ngléasra, leis an meaisínreach agus leis na hoibreacha san agus i gcó-bhaint leis na línte, leis an apparatus agus leis na fearaistí sin’, *the premises used by such undertaker in connection with such plant, machinery, and works and such lines, apparatus, and appliances* (alt 1 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927) – agus aistriú ‘có-bhaint a bheith ag ... le’ *to be jointly interested in* in Acht eile: ‘Níl aon Bhaile-cheanntair i gContae Roscomáin, agus níl aon mheasca le contaethe comhursnachta ach go mbeidh

Acht. Aistríonn an aidiacht ‘comhbhainteach’ *connected*,⁸ agus aistríonn ‘bheith comhbhainteach leis’ *to be associated with*.⁹

Dealraíonn sé, dáiríre, nach bhfuil i gceist leis an téarma nua sin ‘ginideach comhbhainte’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe ach téarma a chuireann ‘ginideach nach ginideach aidiachtach é’ in iúl. Faoin gceannteideal ‘Treoir’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe mínítear an ginideach aidiachtach mar seo a leanas:

Feidhmíonn an dara hainmfhocal mar cháiliú simplí ar an gcéad ainmfhocal mar a dhéanfaidh aidiacht, e.g., *oíche ghaoithe* (oíche ghaofar), *bileog pháipéir* (bileog atá déanta as páipéar), *bean chéile*, *culaith chadáis*, *gaoth mhara*, *saoire bhreuiteachta*, *uimhir theileafóin*.¹⁰

Díol suntais é nach n-áirítear aon ainmfhocal sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol sa treoir sin thuas. Níos faide ar aghaidh, áfach, i ndiaidh na treorach, mínítear go mbíonn ‘ginideach aidiachtach simplí’ ann ‘má fheidhmíonn an dara hainmfhocal mar thuairisc shimplí ar chineál, ar bhunús nó ar fhoinsé an chéad ainmfhocail’ agus tugtar ceithre eiseamláir ina bhfaightear ainmfhocail sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocail fhirinsneacha iolra mar eireaball leis na heiseamláirí:

bean ghnó, bean chabhartha, lámh chúnta, mí ghealaí, bliain chánach, bliain bhisigh, gairm bheatha, bean chéile, obair bhaile, obair pholaitíochta, obair thalmhaíochta, uimhir theileafóin, foinse bhéil, cáis ghabhair, ubh chirce, ubh ghé, feoil chapail, ola mbianra, tír dhúchais, eitinn bhólaigh, bó bhainne, méar thosaigh, méar thánaiste, gloine bheorach (= gloine le haghaidh beorach),



có-bhaint, mar atá go dtí so, ag Contaethe Roscomáin agus na Gaillimhe le hOspideul Meabhar-ghalar Bhéal Áth na Slua’, *There are no Urban Districts in Co. Roscommon, and no overlapping with adjoining counties, except that Counties Roscommon and Galway continue to be jointly interested in Ballinasloe Mental Hospital, as heretofore* (alt 4 de Scéim Chontae Roscomáin sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialtas Áitiúil (Forálacha Sealadacha), 1923).

- ⁸ ‘fostaíocht dream fostaithe a fhoirceannadh nó a fhionraí go comhchoitianta, go comhuaineach nó ar shlí eile go comhbhainteach’, *the collective, simultaneous or otherwise connected termination or suspension of employment of a group of employees* (alt 5(5) den Acht um Dhífhostú Eagórach, 1977).
- ⁹ ‘ciallaíonn “píblíne” píopa maille le haon trealamh agus oibreacha atá comhbhainteach leis, nó eangach píopaí maille le haon trealamh nó oibreacha atá comhbhainteach leis’, *“pipeline” means a pipe together with any apparatus and works associated therewith, or system of pipes together with any apparatus or works associated therewith* (alt 13(3) den Acht Custam agus Máil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1988) – cf. ‘forálacha reachtúla comhbhainteacha’, *associated statutory provisions* (alt 2(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989).
- ¹⁰ *An Caighdeán Athbhreithnithe*, lch 200.

uirilis cheoil, gaoth mhara, culaith gharda (= culaith le haghaidh garda), *saoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, cáin chorparáide, aicme cheannais, leabhair ghramadaí, éin chlóis, dualgais bhreise, portaigh mhóna*.¹¹

In alt eile sa ‘Treoir’ thuasluaite sa Chaighdeán Athbhreithnithe mínítear an ‘ginideach comhbhainte’ mar seo a leanas:

Léiríonn an dara hainmfhocal cad leis a mbaineann an chéad ainmfhocal, nó cén earnáil lena mbaineann sé, nó cad chuige é, etc. Feidhmíonn an dara hainmfhocal mar chomhlánú ar an gcéad ainmfhocal trí chomhbhaint a léiriú...

Sa chás seo gabhann trí eiseamláir den ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol leis na trí eiseamláir den ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha:

e.g., *cos cathaoireach, foinse solais, scéim teanga, baill coiste*,¹² *duáin cailín*,¹³ *cumais comhairleora*.¹⁴

I dtaca leis an ‘Treoir’ sin don ghinideach comhbhainte, is amhlaidh go bhféadfaí a rá faoi ‘éin chlóis’, ‘leabhair ghramadaí’ agus ‘portaigh mhóna’, mar shampla, a dtugtar mar eiseamláirí den ghinideach aidiachtach iad, go léiríonn na focail sa ghinideach sna téarmaí sin cad leis a mbaineann na focail san ainmneach (i gcás ‘portaigh mhóna’) nó cén earnáil lena mbaineann siad (i gcás ‘éin chlóis’), nó cad chuige iad (i gcás ‘leabhair ghramadaí’).

Níos faide ar aghaidh sa Chaighdeán Athbhreithnithe tagraítear don ‘ginideach comhbhainte simplí’ agus mínítear go mbíonn ‘ginideach comhbhainte simplí’ ann ‘má fheidhmíonn an dara hainmfhocal mar chomhlánú ar an gcéad ainmfhocal trí chomhbhaint a léiriú’¹⁵ – ach is amhlaidh, i gcás na n-eiseamláirí den ghinideach aidiachtach, chomh maith, go ndéanann na focail sa ghinideach na focail san ainmneach a chomhlánú agus go bhfuil ‘comhbhaint’ ag an nginideach aidiachtach leis an bhfocal a bhfuil sé faoi réir aige. Tugtar ceithre eiseamláir den ghinideach comhbhainte simplí ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra i ndiaidh na seacht n-eiseamláir den ghinideach sin ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, mar atá:

¹¹ *Ibid.*, lch 200.

¹² Díreofar ar an eiseamláir sin ar ball thíos (ar lch 356), tharla go dtugtar arís é sa Chaighdeán Athbhreithnithe.

¹³ Pléadh an eiseamláir sin i gCaibidil 12 thuas, mar a ndírítear ar bhaill bheatha agus an díchéimhiú sa Chaighdeán Athbhreithnithe ‘más ball beatha de chuid ainmhí nó duine ... atá i gceist’.

¹⁴ Pléadh an eiseamláir sin i gCaibidil 7, mar a ndírítear ar ainmfhocail theibí – mar a chonaiceamar thuas, áirítear an eiseamláir sin ar na heiseamláirí den díchéimhiú ar lorg ainmfhocail theibí sa Chaighdeán Athbhreithnithe.

¹⁵ *Ibid.*, lch 202 – dar leis an Ollamh Dónall Ó Baoill go bhfuil ‘an sainmhíniú a thugtar ar an ghinideach comhbhainte dothuigthe agus doleanta’ (‘Is beannaithe lucht scríofa na Gaeilge óir bronnfar orthu an tríú caighdeán’, *Éigse* xxxviii, BÁC 2013, lch 343).

aicme ceadúnais, foinse béaloidis,¹⁶ foinse solais, feidhm dlí, faí cloig, sábháilteacht ceirde, deirfiúr céile, rialacháin breosla, ceadúnais móna, baill coiste, oifigigh sábháilteachta.¹⁷

Má thógaimid ‘deirfiúr céile’, a thugtar sa liosta sin thuas mar eiseamláir den ghinideach comhbhainte simplí, is amhlaidh go n-áirítear ‘bean chéile’ sa liosta de na heiseamláirí den ghinideach aidiachtach sa Chaighdeán Athbhreithnithe. Ní léir ón ‘Treoir’ cén fáth gur ginideach aidiachtach atá i gceist i gcás amháin agus ‘ginideach comhbhainte simplí’ i gcás eile – ná cén t-idirdhealú atá idir ‘deirfiúr céile’ agus ‘máthair chéile’ a d’fhágfadh séimhiú ar ‘céile’ i gcás amháin agus go bhfágfaí gan séimhiú é sa chás eile.¹⁸

Sula ndíreimid ina gceann agus ina gceann ar na ceithre eiseamláir sin thuas den ‘ginideach comhbhainte simplí’ ar ginidigh ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra atá iontu, tá dhá eiseamláir den ghinideach comhbhainte ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra a thugtar faoin gceannteideal ‘úinéireacht’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe ar cheart a thabhairt ar aird – is iad sin, ‘cleachtais cuideachta’ agus ‘dualgais gníomhaireachta’.¹⁹ Tá siadsan tugtha mar eiseamláirí den díshéimhiú i gcás an ghinidigh chomhbhainte ‘má tá úinéireacht nó seilbh nach seilbh dílis i gceist’. Ar ndóigh, gan trácht ar a leithéidí a bheith ag teacht salach ar fhasaigh sna hAchtanna,²⁰ níl úinéireacht ná seilbh i gceist le ceachtar acu. Agus chonaiceamar

¹⁶ Féach ‘Is ó fhoinsé bhéaloidis ó Eanách Dhúin a thagann an cuntas seo’ in Brian Mac Suibhne [Connachta], *Chluichí agus Caitheamh Aimsire*, 1991, ar Nua-Chorpas na hÉireann.

¹⁷ Sa chéad chuid eile den chaibidil seo díreáir, ina gceann agus ina gceann, ar na ceithre théarma deiridh sin, ina bhfaightear ainmfhocail sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocail fhirinsneacha iolra dar críoch consan caol.

¹⁸ Faightear na foirmeacha ‘deirfiúr céile’ agus ‘máthair chéile’ araon i bhFoclóir Uí Dhónaill, mar shampla.

¹⁹ *An Caighdeán Athbhreithnithe*, lch 202, alt 10.1.F.2(c).

²⁰ Féach, mar shampla, i gcás ‘cleachtais’, ‘Tabharfaidh an Coiste tuarascáil ... don Aire ... maidir le cleachtais phearsanra sa tseirbhís phoiblí’, *The Council shall report ... to the Minister ... on personnel practices in the public service* (alt 14(1) sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1973), agus, i gcás ‘dualgais’, ‘Dualgais chraoltóirí maidir le mórócáidí ainmnithe’, *Broadcasters’ duties with respect to designated events* (teideal taoibhe alt 4 den Acht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí), 1999), ‘Féadfaidh an tAire ... rialacháin a dhéanamh a bhaineann le dualgais bhainisteora suiteála maidir le sábháilteacht ... daoine a bheidh fostaithe ar shuiteáil amach ón gcósta’, *The Minister ... may make regulations relating to the duties of an installation manager concerning the safety ... of persons employed on ... an offshore installation* (alt 11(2)(a) den Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha amach ón gCósta), 1987 – cf. ‘chun cumhachtaí agus dualgais bhainisteora a fheidhmiú agus a chomhlíonadh le linn folúntais’, *to exercise and perform the powers and duties of manager during a vacancy* [alt 31 den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965]), ‘féadfaidh an tAire comhshocraíochtaí a dhéanamh leis an Aire eile sin chun cigire nó oifigeach atá ar fostú ag an Aire eile sin d’fheidhmiú aon cheann de chumhachtaí nó de dhualgais chigirí a cheapfar faoin alt seo’, *the Minister may make arrangements with that other Minister for any of the powers*

i gcaibidil i ndiaidh caibidle i gCuid II den staidéar an tslí, i gcás roinnt mhaith de na heiseamláirí den dísheimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra atá curtha mar eireaball le heiseamláirí den dísheimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha i leagan an Chaighdeáin Athbhreithnithe d'aicmí nó de chásanna éagsúla a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil den easpa séimhithe ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, nach dtagann siad leis na heiseamláirí den ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha nó go mbíonn siad an-éagsúil leo.

Eiseamláirí firinsneacha

'rialacháin breosla'

Tá léirithe i gcaibidlí éagsúla i gCuid II den staidéar seo go bhfuil macasamhla eiseamláirí sin thuas an Chaighdeáin Athbhreithnithe den dísheimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol a n-áirítear iad a bheith ina

or duties of inspectors appointed under this section being carried out by an inspector or officer employed by that other Minister (alt 114(7) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981), 'dualgais chláráitheora probháide ceantair a chomhlíonadh don cheantar dá bhfónann clárlann phrobháide cheantair áirithe', *to perform the duties of district probate registrar for the district served by a particular district probate registry* (alt 131 den Acht Comharbais, 1965), 'Dualgais chuideachta maidir le deimhnithe a eisiúint', *Duties of company in relation to the issue of certificates* (teideal taoibhe alt 86 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 – cf. 'Dualgais ghlacadóra chun tuairisceáin a thabhairt a chur i bhfeidhm ar an nglacadóir', *Enforcement of duty of receiver to make returns* [teideal taoibhe alt 322 den Acht]), 'Déanfar luach saothair gach duine a cheapfar ... chun dualgais bhoird choimeádaithe a chomhlíonadh a íoc as ioncam an bhoird choimeádaithe sin', *The remuneration of all persons appointed ... to perform the duties of a board of conservators shall be paid out of the revenue of such board of conservators* (alt 51(3) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959), agus 'Ceadúnais Bhancaerí agus Dualgais Bhancaerí Ceadúnaithe', *Bankers' Licences and the Duties of Licensed Bankers* (ceannteideal Chuid VI d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942).

Níl 'capaill monarchan' le moladh mar eiseamláir den 'úinéireacht' ach oiread, agus, i dtaca leis na hAchtanna de sa chás sin, féach 'foirgnimh mhonarchan', *factory buildings* (alt 212(2)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000); tá úinéireacht nó seilbh i gceist le heiseamláir eile ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra a thugtar sa Chaighdeán Athbhreithnithe, 'leabhair buachalla', agus cé go bhfaightear 'folaíonn "íoc" aistriú i leabhair baincéara' mar aistriúchán ar "pay" *includes transfer in the books of a banker* in alt 61(7) den Acht um Cháin Fháiltas Caipitiúil, 1976, is amhlaidh go bhfaightear 'folaíonn "pá" aistriú i leabhair bhaincéara' mar aistriúchán ar an abairt chéanna in alt 33(6) den Acht Airgid, 1935, arna ionadú le halt 61(1) den Acht Airgeadais, 1973 – cf. 'Leabhair Gheallbhróicéara', *Pawnbroker's Books* (an Ceathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht Geallbhróicéirí, 1964); agus, murab ionann agus 'ciallaíonn "leabhair" ... leabhair baincéirí, de réir bhrí na nAchtanna um Fhianaise Leabhar Baincéirí, 1879 agus 1959', *"books" means ... bankers' books, within the meaning of the Bankers' Books Evidence Acts, 1879 and 1959* (alt 18(1) den Acht Airgeadais, 1983), féach 'Leabhair gheallghlacadóirí ar rás-chúrsaí údaraithe do scrúdú, etc.', *Inspection of books, etc., of bookmakers on authorised racecourses* (teideal taoibhe alt 30 den Acht um Bord Rásaíochta agus Rás-Chúrsaí, 1945); mar shampla scoir, féach 'seachas iad d'aistriú ... i leabhair bhainc, chuideachtan, nó chomhluchta eile', *other than transfer ... in the books of a bank, company, or other body* (alt 18(a) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945).

nginideach comhbhainte simplí – i.e., ‘rialacháin breosla’, ‘ceadúnais móna’, ‘baill coiste’ agus ‘oifigigh sábháilteachta’ – le fáil in Achtanna an Oireachtais agus iad faoi shéimhiú. Murab ionann agus ‘rialacháin breosla’,²¹ chonaiceamar samplaí as na hAchtanna de ‘rialacháin chánach ioncaim’,²² ‘rialacháin chustam’²³ agus ‘rialacháin fhoirgníochta’,²⁴ mar aon le ‘rialacháin chraolacháin’²⁵ in Ionstraim Reachtúil agus ‘rialacháin fheidhmithe’²⁶ i gcáipéis a bhaineann le reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh. Agus chonaiceamar ‘de réir rialacháin cheada’²⁷ – is é sin, séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘rialachán’ – in Acht ón mbliain 1963. Ar shamplaí eile as na hAchtanna gur féidir linn a chur leosan²⁸ tá na

I.R. Uimh. 1 de 1971.

NA RIALACHÁIN CHÁNACH IONCAIM (CONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA), 1971.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le halt 17 den Acht Airgeadais, 1970 (Uimh. 14 de 1970), déanann na Coimisinéirí Ioncaim leis seo na Rialacháin seo a leanas:

- 21 Tabhair do d’aire go mbaintear leas as ‘rialacháin um breosla’ in Acht ón mbliain 2011: ‘airteagal 4 nó 6 de na Rialacháin um Breosla’, *article 4 or 6 of the Fuel Regulations* (alt 12A(4)(b) den Acht um Thruailliú Aeir, 1987, ana chur isteach le halt 10 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011).
- 22 ‘na Rialacháin Chánach Ioncaim (Fostaíochtaí), 1960’, *the Income Tax (Employments) Regulations, 1960* (alt 72(1) den Acht Airgeadais, 1974) – díol spéise gurb é teideal oifigiúil na Rialachán sin, san Ionstraim Reachtúil féin, ná ‘Na Rialacháin um Cháin Ioncaim (Fostaíochtaí), 1960’; féach, ar an lámh eile, ‘Na Rialacháin Chánach Ioncaim (Conarthaí Foirgníochta), 1971’ (Ionstraim Reachtúil Uimh. 1 de 1971), thuas.
- 23 ‘Rialacháin chustam maidir le smuigléireacht’, *Smuggling, customs regulations* (Cuid iv den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2007) – cf. na Rialacháin Chustam (Tír-Theorainn), 1978, *the Customs (Land Frontier) Regulations, 1978* (Ionstraim Reachtúil Uimh. 324 de 1978).
- 24 ‘Rialacháin fhoirgníochta’, *Building regulations* (teideal taoibhe alt 3 den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990).
- 25 ‘Na Rialacháin Chraolacháin (Ceadúnais Ghlacadóireachta) (Leasú), 2001’, *Broadcasting (Receiving Licences) (Amendment) Regulations, 2001* (I.R. Uimh. 349 de 2001).
- 26 ‘Leagfaidh rialacháin fheidhmithe an Choimisiúin amach na heilimintí ar na modheolaíochtaí staidrimh’ (<http://register.consilium.europa.eu/pdf/ga/07/st06/st06622.ga07.pdf>).
- 27 ‘I gcás ... ina ndéanfar iarratas chun údaráis phleanála de réir rialacháin cheada ag iarraidh cead chun talamh a fhorbairt’, *Where ... application is made to a planning authority in accordance with permission regulations for permission for the development of land* (alt 26(1) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963).
- 28 Cé go mb’fhéidir nach bhfuil sé inchoimhreach le ‘rialacháin breosla’ an Chaighdeáin Athbhreithnithe, tugadh an sampla seo a leanas de ‘coimeádáin bhreosla’ as Acht ón mbliain 1981 níos luaithe sa staidéar: ‘fearas nó innealra téimh lárnaigh nó coimeádáin bhreosla i gceangal leis an gcéanna’, *including central heating apparatus or machinery or fuel containers connected thereto* (alt 235(1)(b) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

cinn seo a leanas:

‘rialacháin bhainne’,²⁹ ‘rialacháin bhónais’,³⁰
‘rialacháin cheada’,³¹ ‘rialacháin chomhshó’,³²
‘rialacháin choraintín’,³³ ‘rialacháin choisbhirt’,³⁴
‘rialacháin mhaoirseachta’,³⁵ ‘rialacháin mhóinchirt’,³⁶
‘rialacháin phóilíneachta’³⁷ agus ‘rialacháin phoist’.³⁸

-
- ²⁹ ‘ní chuirfidh aon ní ... sna Rialacháin Bhainne agus Déirithe (Ainmneacha Speisialta), 1938 go 1955, cosc ...’, *nothing ... in the Milk and Dairies (Special Designations) Regulations, 1938 to 1955, shall prevent ...* (alt 14(d) den Acht Bainne agus Déirithe (Leasú), 1956) – cf ‘na Rialacháin Bhainne agus Déirithe (Ainmneacha Speisialta), 1938’, *the Milk and Dairies (Special Designations) Regulations, 1938* (Rialacháin agus Orduithe Reachtúla, Uimh. 148 de 1938).
- ³⁰ ‘ciallaíonn an abairt “na Rialacháin bhónais” na Rialacháin Stát-Sheirbhíse (Bónas a Dhéanamh Seasmhach), 1940 go 1945’, *the expression “the bonus Regulations” means the Civil Service (Stabilisation of Bonus) Regulations, 1940 to 1945* (alt 1 den Acht um Chúiteamh Stát-Sheirbhíse (Oifigigh Aistrithe) (Leasú), 1947).
- ³¹ ‘féadfaidh an tAire rialacháin cheada a dhéanamh i ndáil le hiarratais phleanála nach foláir ráitis tionchair timpeallachta a bheith ag gabháil leo a chur isteach’, *the Minister may make permission regulations in relation to the submission of planning applications which are to be accompanied by environmental impact statements* (alt 172(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000), agus ‘Déanfaidh an tAire le rialacháin (dá ngairtear rialacháin cheada san Acht seo) foráil i dtaobh ... ceadanna a thabhairt chun talamh a fhorbairt’, *The Minister shall by regulations (in this Act referred to as permission regulations) provide for ... the grant of permissions for the development of land* (alt 25(1) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963).
- ³² ‘Rialacháin chomhshó’, *Conversion regulations* (alt 108 den Acht Cumann Foirgníochta, 1989).
- ³³ ‘Rialacháin choraintín agus chustam maidir le longa Stáit agus aerárthaigh sheirbhíse’, *Quarantine and customs regulations in relation to State ships and service aircraft* (alt 27 sa Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht Cosanta, 1954).
- ³⁴ ‘an tOrdú um Chúnaimh Phoiblí (Rialacháin Choisbhirt), 1944’, *the Public Assistance (Footwear Regulations) Order, 1944* (Rialacháin agus Orduithe Reachtúla, Uimh. 339 de 1944).
- ³⁵ ‘ciallaíonn “na Rialacháin mhaoirseachta” ... na Rialacháin Árachais Saoil’, *the supervisory Regulations’ means ... the Life Assurance Regulations* (alt 1(1) den Acht Árachais (Uimh. 2), 1983, arna ionadú le hÍtem 5 i gCuid 3 de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009).
- ³⁶ ‘cinneadh ar na portaigh a ndéanfar rialacháin mhóinchirt ina leith’, *the determination of the bogs for which turbary regulations are to be made* (alt 12(1)(l) den Acht Talún, 1950).
- ³⁷ ‘chun a áirithiú go gcomhallfar rialacháin phóilíneachta’, *to ... secure the observance of police regulations* (alt 21 den Choinbhinsiún sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967).
- ³⁸ ‘Acht dá Chumasú don Aire Poist agus Telegrafa ... Rialacháin Phoist ... a Dhéanamh’, *An Act to enable the Minister for Posts and Telegraphs ... to make Postal Regulations* (teideal fada an Achta um Oifig an Phoist (Leasú), 1969).

‘ceadúnais móna’

Murab ionann agus ‘ceadúnais móna’ an Chaighdeán Athbheithnithe chonaiceamar go raibh ‘ceadúnais bhuidéalaithe’,³⁹ ‘ceadúnais chorrthrádála’,⁴⁰ ‘ceadúnais fheithiclí trádála’,⁴¹ ‘ceadúnais fho-cheart’,⁴² ‘ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis’,⁴³ ‘ceadúnais mheaisín cearrbhachais’,⁴⁴ ‘ceadúnais mhiondíola/mhórdhíola’,⁴⁵ ‘ceadúnais mhótarfheithiclí trádála’,⁴⁶ ‘ceadúnais phaisinéirí’⁴⁷ agus ‘ceadúnais phósta’⁴⁸ le fáil sna hAchtanna, maille le ‘ceadúnais ghlacadóireachta’ in Ionstraim Reachtúil.⁴⁹ Agus chonaiceamar samplaí den séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘ceadúnas’ in ‘de réir ceadúnais bhruithniúcháin’,⁵⁰ ‘i

³⁹ ‘Ceadúnais bhuidéalaithe ainme ginearálta’, *General designation bottling licences* (teideal taoibhe alt 6 den Acht Baine agus Déirithe (Leasú), 1956) – féach Caibidil 5 maidir leis an ‘-u-’ sin i bhfoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha.

⁴⁰ ‘ceadúnais chorrthrádála a thaispeáint’, *Display of ... casual trading licences* (teideal taoibhe alt 6(1) den Acht Corr-Thrádála, 1980).

⁴¹ ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais fheithiclí trádála’, *Increase of excise duties on vehicle trade licences* (teideal taoibhe alt 92 den Acht Airgeadais, 1980).

⁴² Iarratais ar cheadúnais fho-cheart’, *Applications for ancillary rights licences* (teideal taoibhe alt 40 den Acht Forbairte Minearál, 1940) – sampla den séimhiú ar ghinideach iolra dar tús ‘f’.

⁴³ ‘Ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis’, *Poultry hatchery licences* (teideal taoibhe alt 9 den Acht atá luaite san fhonóta sin roimhe seo thuas).

⁴⁴ ‘ceadúnais mheaisín cearrbhachais a dheonú’, *the grant of gaming machine licences* (alt 47(3)(a) den Acht Airgeadais, 1989).

⁴⁵ ‘Ceadúnais mhórdhíola agus ceadúnais mhiondíola chun fístaifeadtaí a dhíol’, *Wholesale licences and retail licences for the sale ... of video recordings* (teideal taoibhe alt 18 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989).

⁴⁶ ‘Méadú ar na dleachtanna máil ar cheadúnais mhótarfheithiclí trádála’, *Increase of excise duties on motor vehicle trade licences* (teideal taoibhe alt 75 den Acht Airgeadais, 1983).

⁴⁷ ‘go bhféadfaidh daoine ar mian leo ród-sheirbhísí eile a chur ar fáil ceadúnais phaisinéirí faoin Acht um Iompar ar Bhóithre, 1932, ... a iarraidh’, *that applications for passenger licences under the Road Transport Act, 1932, ... may be made by persons desiring to provide alternative road services* (alt 19(5) den Acht Iompair, 1958).

⁴⁸ ‘Deireadh le dleachta stampa ar cheadúnais phósta’, *Abolition of stamp duties on marriage licences* (teideal taoibhe alt 23 den Acht Airgeadais, 1954).

⁴⁹ ‘Na Rialacháin Chraolacháin (Ceadúnais Ghlacadóireachta) (Leasú), 2001’, *Broadcasting (Receiving Licences) (Amendment) Regulation, 2001* (I.R. Uimh. 349 de 2001); ar shamplaí eile den séimhiú ar lorg ‘ceadúnais’ a chonaiceamar i gcaibidilí éagsúla thuas ach go mb’fhéidir nach bhfuil siad inchomórtais go díreach le heiseamláir an Chaighdeán Athbheithnithe, tharla gur gníomhaithe atá faoi réir ag ‘ceadúnais’ iontu, tá ‘ceadúnais cheantálaithe’, ‘ceadúnais gheallbhróicéirí’, ‘ceadúnais mhangairí’ (agus ‘ceadúnais mhangairí bradán’), ‘ceadúnais mhiondíoltóirí’, ‘ceadúnais mhonaróirí tobac’ agus ‘ceadúnais phaisinéirí’.

⁵⁰ ‘Toirmeashtar ... amh-mhianraí ... a bhruithniú ... ach amháin ... de réir ceadúnais bhruithniúcháin’, *The smelting of ore ... is ... prohibited save ... in accordance with a smelting licence* (alt 2(1) den Acht Bruithniúcháin, 1968) – féach lch 73 thuas i dtaca le húsáid na hiarmhíre ‘-acháin’ chun an ginideach den ainm briathartha a sheachaint i gcás inar gá sin.

leith gach ceadúnais bhuidéaluithe’,⁵¹ ‘le haghaidh ceadúnais chearrbhachais’,⁵² ‘sealbhóir ceadúnais chorrthrádála’,⁵³ ‘táillí ceadúnais chraolacháin’⁵⁴ (agus ‘táillí ceadúnais chraolta’),⁵⁵ ‘deonú an cheadúnais fheithicle seirbhíse poiblí’,⁵⁶ ‘sealbhóir ceadúnais fhranncaigh mhuisic’,⁵⁷ ‘oibriú ceadúnais ghnótha eitlíochta’,⁵⁸ ‘sealbhóir ceadúnais ghorlainne éanlaithe clóis’,⁵⁹ ‘údarás ceadúnais mháil’,⁶⁰ ‘sealbhóir ceadúnais mhargántaíochta’,⁶¹ ‘sonraí gach ceadúnais mharsantais’⁶²

-
- 51 ‘Íocfaidh an t-iarratasóir an táille ordaithe i leith gach ceadúnais bhuidéaluithe ainme gearrálta leis an údarás sláintíochta d’eisigh an ceadúnas sin’, *There shall be paid by the applicant in respect of every general designation bottling licence to the sanitary authority by whom such licence was issued the prescribed fee* (alt 7(1) den Acht Baine agus Déirithe (Leasú), 1956) – díritear i gCaibidil 5 ar an ‘-u-’ i bhfoirm an ghnidigh uatha den ainm briathartha in Achtanna ón tréimhse sular foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil.
- 52 ‘Deimhniú le haghaidh ceadúnais chearrbhachais’, *Certificate for gaming licence* (teideal taoibhe alt 15 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956).
- 53 ‘toimhdeofar ... nár shealbhóir ceadúnais chorr-thrádála ag a raibh feidhm de thuras na huairé ... an osantóir’, *it shall be presumed ... that ... the defendant ... was not the holder of a casual trading licence for the time being in force* (alt 3(5)(a) den Acht Corr-Thrádála, 1980).
- 54 ‘comhionann le hiomlán na bhfáltais sa bhliain sin i leith táillí ceadúnais chraolacháin’, *equal to the total of the receipts in that year in respect of broadcasting licence fees* (alt 2 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1966) – cf. fonóta 50 ar an leathanach roimhe seo maidir leis an iarmhír ‘-acháin’.
- 55 ‘iomlán fáltais na bliana sin i leith táillí ceadúnais chraolta’, *the total of the receipts in that year in respect of broadcasting licence fees* (alt 8(a) den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976).
- 56 ‘tuigfear an bhliain do thosnú cothrom lae dheonta an cheadúnais fheithicle seirbhíse poiblí gur ina thaobh a bheidh an táille sin iníochta’, *the year shall be deemed to commence on the anniversary of the grant of the public service vehicle licence in respect of which such fee is payable* (alt 88(2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1933).
- 57 ‘Má gheibheann sealbhóir ceadúnais fhranncaigh mhuisic bás’, *Where the holder of a musk rat licence dies* (alt 16 d’Acht na bhFranncach Muisic, 1933).
- 58 ‘Oibriú ceadúnais ghnótha eitlíochta’, *Operation of aviation business licence* (teideal taoibhe alt 90 den Acht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936).
- 59 *the holder of a poultry hatchery licence* (alt 9(3) den Acht Gorranna Éanlaithe Clóis, 1947).
- 60 ‘in aon achtachán a cheanglaíonn údarás ceadúnais mháil a bheith ann le deoch mheisciúil a dhíol’, *in any enactment requiring the authority of an excise licence for the sale ... of intoxicating liquor* (alt 27(1) den Acht Deochanna Meisciúla, 1962).
- 61 ‘a mhéid a bhaineann sé le sealbhóir láithreach ceadúnais mhargántaíochta’, *so far as it applies to an existing holder of a negotiation licence* (alt 17(3) den Acht Ceardchumann, 1975).
- 62 ‘déanfaidh an tAire sonraí gach ceadúnais mharsantais (iompróir láithreach) a leasú dá réir sin sa chlár de cheadúnais mharsantais a choimeádtar faoi alt 6 d’Acht 1971’, *the Minister shall correspondingly amend the particulars of each merchandise (existing carrier’s) licence in the register of merchandise licences kept under section 6 of the Act of 1971* (alt 3(2)(iii) den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1978).

agus ‘sealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais’.⁶³ Ar shamplaí breise den séimhiú ar lorg na foirme iolra de ‘ceadúnas’ gur féidir linn a chur leis na samplaí sin roimhe seo thuas anseo tá ‘ceadúnais cheoil’,⁶⁴ ‘ceadúnais chnioglainne’⁶⁵ agus ‘ceadúnais ghoir éisc’.⁶⁶ Agus, ar deireadh anseo, i dtaca leis an easpa séimhithe ar an nginideach de ‘móin’ in eiseamláir sin an Chaighdeáin Athbheithnithe (‘ceadúnais móna’), tugadh sampla roimhe seo thuas de ‘cirt mhóna’ as Acht ón mbliain 1928.⁶⁷

⁶³ ‘Ar iarratas ó shealbhóir ceadúnais mheaisín cearrbhachais’, *On the application of the holder of a gaming machine licence* (alt 43(8) den Acht Airgeadais, 1975); arís, ar shamplaí eile den séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘ceadúnas’ a chonaiceamar i gcaibidlí éagsúla thuas ach go mb’fhéidir nach bhfuil siad inchomórtais go díreach le heiseamláir an Chaighdeáin Athbheithnithe, tharla gur gníomhaithe atá faoi réir ag ‘ceadúnais’ iontu, tá ‘sealbhóir ceadúnais bhaincára’, ‘oibriú ceadúnais cheannuitheora’, ‘de bhuidh ceadúnais cheantálaí’, ‘sealbhóir ceadúnais fhásóra’ agus ‘sealbhóir ceadúnais gheallghlacadóra’.

⁶⁴ ‘alt 51 (a bhaineann le ceadúnais cheoil agus rince) d’Acht 1890’, *Section 51 (which relates to music and dancing licences) of the Act of 1890* (alt 33(2)(b) d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).

⁶⁵ ‘Féadfaidh an tAire ... a fheidhmeanna i ndáil le ceadúnais chnioglainne a aistriú chuig an údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme atá an chnioglan lena mbaineann suite’, *The Minister ... may ... transfer his functions in relation to knackery licences to the local authority within whose functional area the knackery concerned is situate* (alt 24(3) d’Acht na Seamlas, 1988).

⁶⁶ ‘Cumhacht an Aire chun ceadúnais ghoir éisc a dheonadh’, *Power of Minister to grant fish culture licences* (teideal taoibhe alt 5 den Acht Iascaigh (Leasú), 1958); b’fhéidir nach bhfuil ‘ceadúnais chearrbhachais’ agus ‘ceadúnais mharsantais’ (ar tugadh samplaí díobh roimhe seo thuas, chomh maith) inchomórtais go díreach le ‘ceadúnais móna’ an Chaighdeáin Athbheithnithe – agus is léiriú ann féin é an éiginnteacht sin ar an gcastacht bhreise a thugann rialacha an Chaighdeáin sin isteach sa scéal – ach níor mhiste na samplaí seo a leanas díobh a bhreithniú sa chomhthéacs seo: ‘an dleacht máil a fhorchuirtear le halt 17 den Acht Airgeadais, 1956, ar cheadúnais chearrbhachais a eiseofar faoi alt 19 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956’, *The duty of excise imposed by section 17 of the Finance Act, 1956, on gaming licences issued under section 19 of the Gaming and Lotteries Act, 1956* (alt 47(2) den Acht Airgeadais, 1989), agus ‘go bhféadfaidh daoine ar mian leo ród-sheirbhísí eile a chur ar fáil ... ceadúnais mharsantais faoin Acht um Iompar ar Bhóithre, 1933, ... a iarraidh’, *that applications for ... merchandise licences under the Road Transport Act, 1933, ... may be made by persons desiring to provide alternative road services* (alt 19(5) den Acht Iompair, 1958 – cf. teideal taoibhe alt 5 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1986).

⁶⁷ ‘áireofar luach an phortaigh sin lasmuich d’aon chirt agus fé réir aon cheart (dá ngairmtear cirt mhóna san alt so) chun móin do bhaint agus do bhreith as an bportach san’, *the value of such bog land shall be taken exclusive of and subject to any rights (in this section referred to as turbary rights) of cutting and removing turf from such bog land* (alt 18(a) den Acht Dréineála Airtéirighe (Mion-Scéimeanna), 1928); ar shampla go mb’fhéidir nach bhfuil sé inchomórtais go díreach le ‘ceadúnais móna’ an Chaighdeáin Athbheithnithe, tá ‘báid mhóna’ a fhaightear in Acht ón mbliain 1932: ‘Báid Oscailte, Báid Mhóna, agus árthaí leibheannacha fé bhun 20 tonna do réir ualaigh’, *Open Boats, Turf Boats, and decked vessels under 20 tons burden* (alt 1 sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Daingnithe Orduithe Shealadaigh um Piara agus Cuan (Uimh. 2), 1932).

‘baill coiste’

Murab ionann agus ‘baill coiste’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe chonaiceamar ‘baill choiste oideachais ghairme beatha’,⁶⁸ san Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930, agus ‘baill bhúird sláinte’,⁶⁹ in Acht ón mbliain 1936.⁷⁰ Agus chonaiceamar ‘téarma oifige gach baill bhoird sláinte’⁷¹ san Acht céanna sin ón mbliain 1936, chomh maith, ar sampla den séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘ball’ atá ann. Le sampla nua-aimseartha nach dtagann le ‘baill coiste’ an Chaighdeáin Athbhreithnithe a thabhairt as na hAchtanna féach ‘baill ghrúpála’ as Acht ón mbliain 1990.⁷²

Is amhlaidh gur ‘comhaltaí’ seachas ‘baill’ a d’úsáidfidí sa reachtaíocht le ‘coiste’ le blianta fada anois.⁷³ Ach má fhillimid ar na hAchtanna luatha, roimh ré an Chaighdeáin Oifigiúil, faighimid ‘baill choiste bhainistighe’,⁷⁴ ‘baill choiste

⁶⁸ *the members of a vocational education committee* (alt 14(5) den Acht thuasluaite).

⁶⁹ ‘Beidh bord an óspidéal có-dhéanta ... de thrí baill (dá ngairmtear baill bhúird sláinte san Acht so) a thoghfaidh an bord sláinte’, *The hospital board shall consist of ... three members (in this Act referred to as board of health members) elected ... by the board of health* (alt 8 d’Acht Ospidéal Fhiabhrais Bhaile Átha Cliath, 1936).

⁷⁰ Ar shamplaí eile den séimhiú ar lorg ‘baill’ a chonaiceamar i gcaibidlí éagsúla thuas, ach go mb’fhéidir nach bhfuil siad inchomórtais go díreach le heiseamláir an Chaighdeáin Athbhreithnithe, tá ‘baill dhaoine árachuithe’ agus ‘baill fhostóirí’ in Acht ón mbliain 1936.

⁷¹ ‘Is ar an lá cheaptha thosnóidh téarma oifige gach baill bhúird sláinte toghfar ag an gcéad toghachán do bhaill bhúird sláinte’, *The term of office of every board of health member elected at the first election of board of health members shall commence on the appointed day* (alt 11(3) den Acht dá dtagraítear san fhonóta roimhe seo thuas).

⁷² ‘ciallaíonn “grúpáil” Grúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch ... agus is dá réir sin a fhorléireofar tagairtí do bhaill ghrúpála, “grouping” means a European Economic Interest Grouping ... and references to members of a grouping shall be construed accordingly (alt 29(1) den Acht Airgeadais, 1990).

⁷³ Féach, mar shampla, ‘Le linn dó comhaltaí coiste arna bhunú faoin mír seo a cheapadh’, *In appointing members of a committee established under this paragraph* (alt 6(2) i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Carthanas, 2009, mar shampla) – faighimid samplaí de ‘comhaltaí coiste’ sna hAchtanna ag dul siar go dtí an bhliain 1940; féach, áfach, ‘ball’ le ‘coiste’ sa sampla seo a leanas ón mbliain 1988: ‘gach duine a bheidh taifeadta i gclár na gclubanna mar oifigeach don chlub nó mar bhall de choiste bainistíochta nó de chomhlacht rialaithe an chlub’, *every person entered in the register of clubs as an official or member of the committee of management or governing body of the club* (alt 45(3)(b) den Acht Deochanna Meisciúla, 1988 – cf. alt 29(3)(b) den Acht Deochanna Meisciúla, 2000).

⁷⁴ ‘Má dheineann aon chólucht daoine gníomh ar bith contrárdha don alt so beidh gach duine fé leith de bhaill choiste bhainistighe no údaráis stiúrtha eile an chóluchta san ... ciontach i gcionta’, *Where any body of persons acts in contravention of this section, the members of the committee of management or other controlling authority of such body ... shall each be guilty of an offence* (alt 6(2) den Acht Ceárd-Chumann, 1941) – sa mhéid go bhfuil ‘údarás’ sa ghinideach anseo, is féidir glacadh leis go bhfuil ‘coiste’ sa ghinideach, chomh maith, agus nach sampla den ainmneach faoi shéimhiú in ionad an ghinidigh atá in ‘choiste’.

fhreastal scoile’,⁷⁵ ‘baill choiste thalmhaíochta’⁷⁶ agus ‘baill choiste oideachais ghairme beatha’.⁷⁷ Agus faighimid sampla de ‘baill chomhchoiste’ in Acht ón mbliain 1934.⁷⁸ Ar shamplaí a thagann leosan sna hAchtanna luatha tá ‘baill Pharlaiminte’,⁷⁹ ‘baill chomhairle contae’⁸⁰ (agus ‘baill chomhairlí contae’),⁸¹ ‘baill chomhairlí buirge’⁸² agus ‘baill cheardchumann’.⁸³ Ar deireadh anseo,

-
- ⁷⁵ ‘Ní foláir gach duine de chúigear de bhaill choiste fhreastal scoile a ceapfar fén alt so do bheith ina bhainisteoir no ina phátrún ar scoil náisiúnta’, *Of the members of a school attendance committee appointed under this section, each one of five members shall ... be either a manager or a patron of a national ... school* (alt 10(5) den Acht Freastal Scoile, 1926).
- ⁷⁶ ‘Beidh ar bhaill choiste thalmhaíochta, in aghaidh gach toghlíomatáiste chontae sa chontae, duine amháin ar a laighead a chomhnuíonn sa toghlíomatáiste chontae sin’, *The members of a committee of agriculture shall include in respect of each county electoral area in the county at least one person who is resident in such county electoral area* (alt 4 sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Talmhaíochta, 1931).
- ⁷⁷ ‘I gcás in ar gá do réir an Achta so gur dhá údarás áitiúla no níos mó do thoghfadh baill choiste oideachais ghairme beatha’, *Where the members of a vocational education committee are required by this Act to be elected by two or more local authorities* (alt 14(5) den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930).
- ⁷⁸ ‘am a gceaptha ... do cheapadh do bhaill chó-choiste is údarás pleanála réigiúin do réigiún phleanála bunófar fén alt so’, *appoint the time of appointment ... of the members of a joint committee which is a regional planning authority for a planning region constituted under this section* (alt 18(6) den Acht um Bailte agus Líomatáistí do Shíneadh Amach, 1934).
- ⁷⁹ ‘ciallóidh an focal “an Chéad Dháil Éireann” an tionól de bhaill Phárlaiminte a toghadh do dháilcheanntair in Éirinn i dToghachán Párlaiminte a comóradh an 14adh lá de Mhí na Nodlag, 1918’, *The expression “the First Dáil Éireann” shall mean the assembly of members of Parliament elected for constituencies in Ireland at a Parliamentary Election held on the 14th day of December, 1918* (alt 2(7) den Acht Léiriúcháin, 1923).
- ⁸⁰ ‘fé mar a bhaineann sé le comhairle chontae agus le baill chomhairle contae’, *as it applies to a county council and the members thereof* (alt 18(4) d’Acht Ospidéal Fhiabhrais Chorcaighe, 1935) – cf. ‘is é is uimhir iomlán do bhaill chomhairle gach contae fé leith ná an uimhir a socrófar chuige sin le hordú fén alt so’, *the total number of members of the council of each county shall be the number fixed in that behalf by order under this section* (alt 33(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 1941).
- ⁸¹ ‘gach bliain ina ndéanfar toghachán cinn trí mblian do bhaill chomhairlí contae’, *every year in which a triennial election of members of county councils is held* (alt 5(2) d’Acht Bainistí Chathair Phortláirge, 1939).
- ⁸² ‘DE BHRÍ go n-éilítear fé sna Reachtanna atá i bhfeidhm anois i Saorstát Éireann go gcomórfaí toghacháin de bhaill chomhairlí buirge ... i mí Eanáir, 1923’, *WHEREAS under the Statutes now in force in Saorstát Éireann elections of the members of borough ... councils ... are required to be held in the month of January 1923* (an Brollach a ghabhann leis an Acht chun Toghacháin Áitiúla do chur ar Ath-ló, 1922).
- ⁸³ ‘i draobh cláir de bhaill cheárd-chumann a bheidh á choimeád de bhun an ailt sin’, ... *a register of members of a trade union kept in pursuance of that section* (alt 4(1) den Acht Ceárd-Chumann, 1942); féach, mar shamplaí scoir anseo den séimhiú i ndiaidh ‘baill’ (ar shamplaí iad atá beagáinín níos casta, b’fhéidir, ná na samplaí a thugtar thuas, de dheasca na slí a bhfuil an focal atá faoi réir ag ‘baill’ cáilithe), ‘Beidh baill bhúird chonganta phuiblí i seilbh oifige ... go dtí an lá tar éis a gcomharbaí do thogha’, *The members of a board of*

arís, murab ionann agus ‘baill coiste’ an Chaighdeáin Athbhreithnithe,⁸⁴ féach go bhfaightear ‘oifigigh chuideachta’⁸⁵ agus ‘oifigigh chumainn’⁸⁶ in Achtanna ó na blianta 1990 agus 1989 faoi seach.

‘oifigigh sábháilteachta’

Ag dul ar aghaidh dúinn go dtí eiseamláir dheiridh sin thuas an Chaighdeáin Athbhreithnithe, is amhlaidh go bhfacamar sampla de ‘oifigigh sábháilteachta gáis’ in Acht ón mbliain 2006⁸⁷ agus sampla de ‘oifigigh sábháilteachta peitрилiam’ in Acht

public assistance shall hold office ... until the day after their successors have been elected (alt 3 sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chongnamh Phuibli, 1939), agus ‘maidir le baill Chóluchta Rialuithe choláiste le n-a mbaineann an tAcht so’, *in relation to the members of the Governing Body of a college to which this Act applies* (alt 2(3) d’Acht na gColáistí Ollscoile, 1940).

⁸⁴ Tabhair do d’aire go bhfaighimid séimhiú ar ‘coiste’ i gcomhthéacs nach bhfuil a leithéid curtha san áireamh sa Chaighdeán Oifigiúil in Acht ón mbliain 1980: ‘Beidh gníomhartha choiste a bhunófar faoin alt seo faoi réir a ndaingnithe ag an mBord’, *The acts of a committee established under this section shall be subject to confirmation by the Board* (alt 16(6) den Acht um Bord Scannán na hÉireann, 1980); cf. ‘Is é córam, nós imeachta agus áit chruinnithe choiste a bhunaítear faoin alt seo an córam, an nós imeachta agus an áit chruinnithe a cheapfar le rialacha a dhéanfaidh an t-údarás áitiúil a cheap an coiste’, *The quorum, procedure and place of meeting of a committee established under this section shall be such as may be appointed by rules to be made by the local authority who appointed the committee* (alt 10(3) den Acht um Údarás Sláinte, 1960), agus ‘Íocfar le cathaoirleach choiste phrintíseachta ... cibé táille as bheith i láthair ag cruinnithe an choiste a chinnfidh an tAire’, *The chairman of an apprenticeship committee shall be paid ... such fee for attendance at meetings of the committee as the Minister ... determines* (alt 22(4) den Acht Printíseachta, 1959) – dealraíonn sé gur samplaí den ainmneach faoi séimhiú in ionad an ghinidigh atá iontusan, agus gur toisc go bhfuil ‘coiste’ cáilithe le clásal a chuirtear an séimhiú sin air sna samplaí sin.

Mar fhocal scoir ar ‘baill coiste’, díol spéise gur mar bhrí thánaisteach ‘coisteoir’ a áirítear *member of committee* in FGB agus go dtugtar tús áite don bhrí *juror* ann.

⁸⁵ ‘Dliteanas pionós a chur ar oifigigh chuideachta i gcás nach gcoimeádfar leabhair chuntais chuí’, *Liability of officers of company to penalty where proper books of account not kept* (teideal taoibhe alt 203 d’Acht na gCuideachtaí, 1990).

⁸⁶ ‘Dlífear pionós a chur ar oifigigh chumainn i gcás nach gcoimeádfar taifid chuntasaíochta chuí’, *Liability of officers of society to penalty where proper accounting records not kept* (teideal taoibhe alt 111 den Acht Cumann Foirgníochta, 1989).

⁸⁷ ‘Oifigigh sábháilteachta gáis’, *Gas safety officers* (teideal taoibhe alt 9J den Acht um Rialáil Leictreachais 1999, arna chur isteach le halt 13 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006) – faightear an abairt arís i dteideal taoibhe alt 27 den Acht Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2010 (‘Leasú ar alt 9J (oifigigh sábháilteachta gáis) d’Acht 1999’) – d’fhéadfadh sé go raibh an Chaighdeán Athbhreithnithe á dhréachtú, nó eisithe fiú, faoin am ar eisíodh an leagan Gaeilge den dá Acht sin (ní móide gur aistríodh Acht sin 2006 go dtí roinnt blianta tar éis na bliana sin); chomh maith leis sin, glacaim leis go bhfuil ‘gás’ faoi réir ag ‘sábháilteacht’ anseo (mar a dhéanaim i gcás ‘peitрилiam’ sa chéad sampla eile a thugtar anseo) agus gur ginideach cáilithe atá sa ghinideach de ‘sábháilteacht’ agus é le díshéimhiú dá dheasca sin, de réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe.

ón mbliain 2010.⁸⁸ Ar an láimh eile, murab ionann agus ‘oifigigh sábháilteachta’, chonaiceamar, as Achtanna éagsúla, leithéidí ‘oifigigh bhreithiúnachta’⁸⁹ (a bhfaightear sampla de in Acht ón mbliain 2012 fú),⁹⁰ ‘oifigigh chaidrimh thionscail’,⁹¹ ‘oifigigh cheannais’,⁹² ‘oifigigh chíosa’,⁹³ ‘oifigigh chomhionannais’,⁹⁴ ‘Oifigigh Chosanta Iascaigh Mhara’,⁹⁵ ‘príomh-oifigigh fheidhmiúcháin’,⁹⁶ ‘oifigigh fhreastail’,⁹⁷

⁸⁸ ‘Oifigigh sábháilteachta peitri Liam’, *Petroleum safety officers* (teideal taoibhe alt 13W den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna chur isteach le halt 3(d) den Acht um Shábháilteacht Peitri Liam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2010) – féach a ndeirtear san fhonóta roimhe seo thuas maidir leis an gCaighdeán Athbhreithnithe agus dáta aistrithe Achtanna araon.

⁸⁹ ‘a fhorordú cad é an cleachtas ... a leanfar nuair a bheidh ceisteanna atá le meas ... ag oifigigh bhreithiúnachta á meas’, *prescribe the practice ... to be followed on the consideration ... of questions to be considered ... by ... deciding officers* (alt 261(1)(d) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

⁹⁰ ‘Oifigigh bhreithiúnachta’, *Deciding officers* (teideal taoibhe alt 21 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála), 2012) – cf. ‘Oifigigh bhreithiúnachta a cheapadh’, *Appointment of deciding officers* (teideal taoibhe alt 34 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2007); faighimid samplaí den fhoirm sin in Achtanna chomh fada siar leis an mbliain 1935: ‘Féadfaidh an tAire pé daoine ... is dóich leis is ceart do cheapadh chun bheith ina n-oifigigh bhreithiúnachta chun crícheanna an Achta so’, *The Minister may appoint such ... persons as he thinks proper to be deciding officers for the purposes of this Act* (alt 49(1) den Acht um Pinsin do Bhaintreacha agus do Dhílleachtaithe, 1935).

⁹¹ ‘Oifigigh chaidrimh thionscail’, *Industrial relations officers* (teideal taoibhe alt 33 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 – cf. teideal taoibhe alt 6 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969).

⁹² ‘Oifigigh cheannais agus cléirigh vótaíochta’, *Presiding officers and poll clerks* (teideal taoibhe alt 31(1) de Chuid I den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977) – cf. ‘Oifigigh cheannais speisialta’, *Special presiding officers* (teideal taoibhe alt 9 den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986); d’fhéadfadh sé nach bhfuil ‘oifigigh cheannais’ inchomórtais go díreach le ‘oifigigh sábháilteachta’ – arís, faoi mar a dúradh roimhe seo thuas, is léiriú ann féin atá san éiginnteacht sin ar an gcastacht bhreise a thugann riail nua an Chaighdeáin Athbhreithnithe isteach sa scéal.

⁹³ ‘Oifigigh chíosa’, *Rent officers* (teideal taoibhe alt 6 d’Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) (Leasú), 1983).

⁹⁴ ‘Oifigigh chomhionannais’, *Equality officers* (teideal taoibhe alt 76 d’Acht na bPinsean, 1990) – cf. ‘daoine a cheapadh le bheith ina n-oifigigh chomhionannais’, *appoint persons to be equality officers* (alt 75(4)(a) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998).

⁹⁵ *Sea Fisheries Protection Officers* (teideal taoibhe alt 220 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959) – d’fhéadfaí a áiteamh, áfach, nach bhfuil an teideal taoibhe sin inchomórtais le ‘oifigigh sábháilteachta’ ós rud é gur ginideach ainm bhriathartha atá ann.

⁹⁶ ‘Príomh-oifigigh fheidhmiúcháin bord sláinte’, *Chief executive officers of health boards* (teideal taoibhe alt 13 den Acht Sláinte, 1970).

⁹⁷ ‘Oifigigh fhreastail’, *Attendance officers* (teideal taoibhe alt 74 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930) – ar an láimh eile chonaiceamar go bhfaightear sampla de ‘oifigigh freastail scoile’ in alt 33(h) den Acht Oideachais, 1998: ‘rochtain ar scoileanna ag oifigigh freastail scoile’, *access to schools by school attendance officers*.

‘oifigigh phainéaltachta’,⁹⁸ ‘oifigigh phríosúin’⁹⁹ agus ‘oifigigh thréidliachta’.¹⁰⁰ Agus chonaiceamar na samplaí seo a leanas den séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘oifigeach’, chomh maith: ‘cinneadh oifigigh bhreithiúnachta’,¹⁰¹ ‘oifig Oifigigh Chabhra Teinteáin’,¹⁰² ‘orduithe oifigigh chaomhanta iascaigh mhara’,¹⁰³ ‘ceapachán oifigigh cheannais’¹⁰⁴ (agus ‘toiliú oifigigh cheannais’),¹⁰⁵ ‘in aghaidh chinneadh oifigigh chíosa’,¹⁰⁶ ‘i láthair oifigigh dhéanta fiosrúcháin áitiúla’,¹⁰⁷

⁹⁸ ‘déanfidh an t-oifigeach paineultachta no na hoifigigh phaineultachta uile agus fé seach i gcomhairle ... na hainmneacha uile a toghadh amach as na leabhra san de choisteoirí d’iontráil in aon phaineul amháin’, *the empanelling officer or the several empanelling officers in consultation ... shall enter all the names selected from the said jurors books in one panel* (alt 34(3) d’Acht na nGiúirithe, 1927).

⁹⁹ *prison officers* (alt 8(1) d’Acht na bPríosúin, 2007).

¹⁰⁰ ‘Dualgais shamplála bainne a shannadh do chigiri sláinte agus d’oifigigh thréidliachta’, *Assignment of milk sampling duties to health inspectors and veterinary officers* (alt 53A den Acht Bainne agus Déirithe, 1935, arna chur isteach le halt 27 den Acht Bainne agus Déirithe (Leasú), 1956); ar shamplaí eile den séimhiú ar lorg ‘oifigigh’ a chonaiceamar i gcaibidlí éagsúla thuas ach go ndealraíonn sé nach bhfuil siad inchomórtais go díreach le heiseamláir an Chaighdeáin Athbhreithnithe tá ‘oifigigh bhallstát eile’, ‘oifigigh bharántais’, ‘oifigigh bhargas’, ‘oifigigh bhord’, ‘oifigigh bhriogaide dóiteáin’, ‘oifigigh choistí freastal scoile’, ‘oifigigh chomhairlí tuathcheanntair’, ‘oifigigh chóluchtaí díochurtha’, ‘oifigigh chonsalachta’ agus ‘oifigigh shainghníomhaireachtaí’.

¹⁰¹ ‘an t-am ... a fhorordú ... ina dtógfar ceisteanna le cinneadh oifigigh bhreithiúnachta a fháil orthu’, *prescribe the time ... of ... raising questions for determination by deciding officers* (alt 261(1)(b) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981).

¹⁰² ‘Má dhineann Bórd Sláinte na Contae a chomhacht do chur i bhfeidhm fén Scéim seo agus oifig Oifigigh Chabhra Teinteáin do chur ar ceal’, *Should the County Board of Health exercise their power under this Scheme and abolish the office of Home Help Officer* (alt 21 de Scéim Chontae Chill Dara sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialtas Áitiúil (Forálacha Sealadacha), 1923) – i dtaca le húsáid ‘tinteán’ sa sliocht sin, aistríonn ‘saol an teinteáin teolaí’ *home life* sa sliocht seo a leanas as alt 8 i ‘Scéim Chontae Liathdroma’ sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialtas Áitiúil (Forálacha Sealadacha), 1923: ‘Ní foláir aire speisialta do thabhairt do leanbháí Níor cheart leigint d’éinne acu fanúint i bhfúndúireacht más féidir san do sheachaint, ach ba cheart tuisgint do thabhairt dóibh ... sna buntáistí a bhaineann le saol an teinteáin teolaí seachas mar a bhaineann le saol na fúndúireachta.’

¹⁰³ ‘duine bheidh ag gníomhú fé orduithe oifigigh chaomhanta iascaigh mhara’, *a person acting under the orders of a sea fisheries protection officer* (alt 21(4) den Acht um Iascach Míolta Móra, 1937).

¹⁰⁴ ‘más ceapachán oifigigh cheannais a chúlghairfear’, *where the appointment revoked is the appointment of a presiding officer* (alt 31(1) de Chuid I den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977).

¹⁰⁵ ‘le toiliú oifigigh cheannais a roinne’, *with the consent of the head officer of his department* (alt 5(3)(a) den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963).

¹⁰⁶ ‘achomharc a dhéanamh chun an Bhine in aghaidh chinneadh oifigigh chíosa ag socrú téarmaí tionóntachta’, *appeal to the Tribunal against the determination of a rent officer fixing the terms of a tenancy* (alt 11(1) d’Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) (Leasú), 1983).

¹⁰⁷ ‘Le linn fínné do bheith i láthair oifigigh dhéanta fhiosrúcháin áitiúla beidh sé i dteideal

‘dualgais príomh-oifigigh fheidhmiúcháin’¹⁰⁸ (agus ‘i dteannta an phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin’¹⁰⁹ agus ‘oifig phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin’¹¹⁰ agus ‘tuairim phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin boird sláinte’),¹¹¹ ‘ar agra oifigigh fhreastail’¹¹² (agus ‘síníú oifigigh fhreastail’),¹¹³ ‘dualgais an oifigigh phainéaltachta’,¹¹⁴

na saoirsí ... céanna do bheadh aige dá mba fhínné i láthair na hArd-Chúirte é’, *A witness before an officer holding a local inquiry shall be entitled to the same immunities ... as if he were a witness before the High Court* (alt 25(4) den Acht Talmhaíochta, 1931).

¹⁰⁸ ‘go bhfuil sé éirithe neamhábalta ar dhualgais príomh-oifigigh fheidhmiúcháin a chomhlíonadh’, *that he has become incapable of performing the duties of chief executive officer* (alt 21(5) den Acht Sláinte, 1970) – díol spéise gur ‘Feidhm-Oifigeach’ a bhí in aistriúchán a sholáthair Rannóg an Aistriúcháin ar *Executive Officer* sna 1920aí, de réir an fhoclóra chlósscríofa ar a dtugtar an *Oireachtas Dictionary of Official Terms*.

¹⁰⁹ ‘I dteannta an phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin’, *In addition to the chief executive officer* (alt 14(1) den Acht Sláinte, 1970).

¹¹⁰ ‘Bunaítear leis seo oifig phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin faoi Údarás Sláinte Bhaile Átha Cliath agus is é teideal a bheidh ag sealbhóirí na hoifige sin Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Údarás Sláinte Bhaile Átha Cliath’, *There is hereby established the office of chief executive officer under the Dublin Health Authority and the title of holders of that office shall be Chief Executive Officer of the Dublin Health Authority* (alt 18(1) den Acht um Údarás Sláinte, 1960).

¹¹¹ ‘Más é tuairim phríomh-oifigigh fheidhmiúcháin boird sláinte go ...’, *If at any time the chief executive officer of a health board is of opinion that ...* (alt 31(2)(b) den Acht Sláinte, 1970).

¹¹² ‘Féadfar cúiseamh i gcionta ... do bhunú ... ar agra oifigigh fhreastail ar bith d’údarás fheidhmiúcháin mar chúisitheoir’, *A prosecution for an offence ... may be instituted ... at the suit of any attendance officer of an enforcing authority as prosecutor* (alt 76 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930) – tabhair do d’aire an séimhiú ar an nginideach de ‘feidhmiúchán’ ar lorg ‘údarás’ sa sliocht sin, a bhfaightear sampla eile de, maille le séimhiú ar an nginideach de ‘freastal’ ar lorg an ghinidigh d’ainmfhocal nach ainmfhocal firinsneach dar críoch consan caol é, in Acht ón mbliain 1926: ‘go bhfios d’údarás fheidhmiúcháin an líomataíste fhreastail scoile ina gcomhnuíonn an leanbh’, *so far as is known to the enforcing authority of the school attendance area in which the child resides* (alt 17(1) den Acht Freastal Scoile, 1926).

¹¹³ ‘Is leor mar dheimhniú ar dhílse gach fógra ... do bhéarf ar amach ... ag údarás feidhmiúcháin sighthiú oifigigh fhreastail don údarás san do bheith ortha’, *All notices ... issued ... by an enforcing authority shall be sufficiently authenticated by the signature thereon of an attendance officer of such authority* (alt 90 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930); féach an séimhiú ar an nginideach de ‘freastal’ in alt 65(3) den Acht céanna: ‘beidh gach ball den Ghárda Síochána tré n-a bhfeidhmeofar na feidhmeanna san amlaidh ina oifigeach fhreastail don údarás fheidhmiúcháin sin’, *every member of the Garda Síochána by or through whom such functions are so exercised shall ... be an attendance officer of such enforcing authority*; tabhair do d’aire, chomh maith, an séimhiú ar lorg foirme a leanann ‘mar’ in alt 74(2): ‘Le linn dó bheith ag feidhmiú aon údaráis ... fén gCuid seo den Acht so mar oifigeach fhreastail do ceapadh fén alt so’, *Every attendance officer appointed under this section shall when exercising any authority ... under this Part of this Act as such officer*.

¹¹⁴ ‘cialluíonn an focal “an t-oifigeach paineultachta” an t-oifigeach ar a gceangailtear leis an alt so ... dualgaisí an oifigigh phaineultachta do chólíona’, *the expression “the empanelling*

‘dúnmharú oifigigh phríosúin’,¹¹⁵ ‘ceapadh Oifigigh Phrohbháide’,¹¹⁶ ‘faoi láimh oifigigh shamplála’,¹¹⁷ ‘chun aon oifigigh thaidhleoireachta’,¹¹⁸ ‘seirbhísí Príomh-Oifigigh Thalmhaíochta’¹¹⁹ agus ‘i dtaobh oifigigh thréidliachta’.¹²⁰ Is féidir linn ‘limistéar cláraitheachta an oifigigh chlárathachta’¹²¹ agus ‘oifig an fho-oifigigh

officer” means the officer who is ... required by this section to perform the duties of the empanelling officer (alt 28(2) d’Acht na nGiúirithe, 1927).

¹¹⁵ ‘dúnmharú oifigigh phríosúin ag gníomhú dó i gcúrsa a dhualgais’, *murder of a prison officer acting in the course of his duty* (alt 3(1)(b) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1990).

¹¹⁶ ‘alt 6 (a bhaineann le ceapadh Oifigigh Phrohbháide nó Scrúdaitheora) d’Acht 1945’, *section 6 (which relates to the appointment of the Probate Officer or an Examiner) of the Act of 1945* (alt 20 san Ochtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961).

¹¹⁷ ‘beidh deimhniú bheireann le tuiscint é bheith fé láimh oifigigh shamplála do thóg sampla de bhainne do réir fógra shamplála’, *a certificate purporting to be under the hand of a sampling officer who took a sample of milk in pursuance of a sampling notice* (alt 57(5) den Acht Bainne agus Déirithe, 1935).

¹¹⁸ ‘... féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ... chun aon oifigigh thaidhleoireachta nó chonsalachta Éireannaigh ar dheimhniú náisiúntachta’, *Any person ... may apply ... to any Irish diplomatic officer or consular officer for a certificate ... of nationality* (alt 28(1) d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956).

¹¹⁹ *the services of ... a Chief Agricultural Officer* (alt 70(1) d’Acht an Údaráis Náisiúnta um Chomhairle, Oideachas agus Taighde Talmhaíochta, 1977).

¹²⁰ ‘Féadfaidh an tAire ... údarú do tugadh fén alt so i dtaobh oifigigh thréidliaghachta d’údarás sláintíochta áitiúil do cheiliúradh’, *The Minister may ... revoke an authorisation given under this section in respect of a veterinary officer of a local sanitary authority* (alt 60(4) den Acht Muc agus Bagúin, 1935); arís, ar shamplaí eile den séimhiú ar lorg fhoirm an ghinidigh uatha de ‘oifigeach’ a chonaiceamar i gcaibidlí éagsúla thuas ach go ndealraíonn sé nach bhfuil siad inchomórtais go díreach le heiseamláir an Chaighdeáin Athbhreithnithe tá ‘céim oifigigh bharántais’ agus ‘cinneadh oifigigh bhord sláinte’.

¹²¹ ‘An breitheamh don chuaird ina bhfuil limistéar cláraitheachta an oifigigh chlárathachta’, *The judge of the circuit where the registration area of the registration officer concerned is situate* (Uimh. Thag. 71 sa Tábla sa Cheathrú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 – tagraítear anseo d’alt 16 den Acht Timpeal Toghachán, 1923, mar a bhfaightear ‘deighleálfaidh pé duine de sna breithiúin sin ... go n-órdóidh Ard-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraighe dho é, deighleálfa sé leis na hathchomhairc i dtaobh breitheanna an oifigigh chlárathachta’, *the appeals from the registration officer shall be dealt with by such one of those judges ... as may be directed by the Chief Justice of the Supreme Court* [i bhfo-alt 2 den alt sin san Acht sin, mar shampla]); cf. ‘Ráiteas o oifigigh chlárathachta i dtaobh na huimhreach de thoghthóirí Dála’, *Statement by registration officers of the number of Dáil electors* (teideal taoibhe alt 7 d’Acht an Reifrinn, 1942); i dtaca le ‘limistéar cláraitheachta’ thuas, agus an plé ar lch 73 ar lean., sa staidéar, ar úsáid na hiarmhíre ‘-acháin’ ach go háirithe chun an ginideach den ainm briathartha a sheachaint i gcás inar gá sin, féach go bhfaightear ‘limistéir chlárúcháin’ (iad araon sa ghinideach) in Acht ón mbliain 1963: ‘Más rud é, tráth nach déanaí ná an lá deiridh chun éileamh a dhéanamh ar chlárú, go ndéanfaidh toghthóir atá ina chomhalta lánaimsire d’Óglaigh na hÉireann ráiteas i dtaobh an áitribh a mbeadh sé, murach a sheirbhís, ina ghnáthchónaí ann ar an dáta cáilitheach a thabhairt d’údarás clárúcháin an limistéir chlárúcháin ina bhfuil an t-áitreabh sin’, *Where, not later than the last day for making claims for registration, an elector who is*

shláintíochta'¹²² araon a chur leosan anseo. Agus ar shamplaí den séimhiú ar lorg fhoirm iolra 'oifigeach' ar féidir linn iad a chur anseo leis na cinn sin roimhe seo thuas¹²³ tá 'oifigigh choinneála',¹²⁴ 'oifigigh fhiosrúcháin'¹²⁵ agus 'oifigigh shláintíochta'.¹²⁶

An ginideach aidiachtach

Is éard a mhaítear sa 'Treoir' sa Chaighdeán Athbhreithnithe, faoi mar a chonaiceamar i dtús na caibidle seo, ná go bhfuil dhá chineál ginidigh ann fad a bhaineann leis an ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail eile, mar atá, an ginideach aidiachtach agus an ginideach nach ginideach aidiachtach é, agus ar a dtugtar an 'ginideach comhbhainte', le séimhiú ar an nginideach aidiachtach agus gan séimhiú ar an nginideach comhbhainte. Chonaiceamar sa chuid tosaigh de Chaibidil 11, mar a ndírítear ar dhíshéimhiú an ainmfhocail sa ghinideach 'nuair is ainmní nó gníomhaí an ginideach' agus a dtugtar 'géimneach bó', 'gáir caillí', 'mallacht mná', 'eascaine baintrí', 'léim capaill', 'íde béil' agus 'coiscéim coiligh' mar eiseamláirí den riail díshéimhithe sin, go gcomhlíonann na heiseamláirí sin na critéir a ghabhann leis an nginideach aidiachtach simplí – is é sin, go

a whole time member of the Defence Forces furnishes a statement of the premises in which, but for his service, he would be ordinarily resident on the qualifying date to the registration authority for the registration area in which those premises are situate (alt 5(3)(a) den Acht Toghcháin, 1963).

¹²² 'oifig an Fho-oifigigh Shláintíochta don Chomhairle Thuath-Cheanntair sin', *the office of Sanitary Sub-officer of such Rural District Council* (alt 11(2) den Acht um Rialtas Áitiúil (Forálacha Sealadacha), 1923).

¹²³ Is amhlaidh go fiú go bhfaighimid samplaí san Acht um Fhuinneamh Núicléach (An Bord Fuinnimh Núicléigh), 1971, den séimhiú ar 'sábháilteacht' sa ghinideach ar lorg focal dar críoch 'n' agus 'd' faoi seach (is é sin, nach bhfuil ag teacht le riail an Chaighdeáin Oifigiúil i dtaca leis an easpa séimhithe ar 's-' i ndiaidh '-n' nó '-d'): 'dréacht-chóid agus dréacht-rialacháin shábháilteachta a ullmhú a bhainfidh le breosla inscoilte', *to prepare draft safety codes and regulations dealing with fissile fuel* (alt 5(1)(c)), agus 'd'áirithiú go gcomhlíonfar aon chóid shábháilteachta a bunaíodh ... maidir le breosla inscoilte', *to ensure compliance with any safety codes established ... relating to fissile fuel* (alt 5(2) (e)); cf. 'Caighdeán shábháilteachta', *Safety standards* (teideal taoibhe alt 2 den Acht um Ola-Dhóiteoirí (Caighdeán), 1960).

¹²⁴ 'Féadfaidh an tAire ... cibé daoine ... a cheapadh ina n-oifigigh choinneála chun críocha na nAchtanna a mheasfaidh sé is gá', *The Minister may ... appoint such ... persons to be detention officers for the purposes of the Acts as he may think necessary* (alt 8(1) den Acht Toradh Talmhaíochta (Feoil) (Forálacha Ilghnéitheacha), 1978).

¹²⁵ 'Féadfaidh an tAire ... pé daoine ... mheasfaidh is ceart do cheapadh chun bheith ina n-oifigigh fhiosrúcháin chun crícheanna an Achta so', *The Minister may ... appoint such ... persons as he thinks proper to be investigation officers for the purposes of this Act* (alt 5 den Acht Liúntaisí Leanbhaí, 1944).

¹²⁶ 'Éinne amháin ar a luíod de sna hoifigigh shláintíochta a cheapfidh údarás sláintíochta fé fhorálacha alt 11 den *Public Health (Ireland) Act, 1878*', *At least one of the sanitary officers appointed by any sanitary authority under the provisions of section 11 of the Public Health (Ireland) Act, 1878* (alt 22 den Acht Rialtais Áitiúla, 1925).

bhfeidhmíonn na hainmfhocail sa ghinideach atá faoi réir ag ‘géimneach’, ‘gáir’, ‘mallacht’, ‘eascaine’, ‘léim’, ‘íde’ agus ‘coiscéim’ mar thuairisc shimplí ‘ar chineál, ar bhunús nó ar fhoirse’ na géimní, na gáire, na mallachta, na heascaine, na léime, na híde agus na coiscéime, faoi seach – agus go mbeifí ag súil leis, dá bharr sin, de réir ‘Treoir’ sin an Chaighdeáin Athbheithnithe, go mbeadh séimhiú ar na focail sa ghinideach sna heiseamláirí sin.

Leathchúpla na rialach díshéimhithe sin sa Chaighdeán Athbheithnithe ná díshéimhiú an ainmfhocail sa ghinideach nuair is cuspóir ainm bhriathartha nó ainmfhocail ‘a chuireann gníomh in iúl’ atá sa ghinideach. Faoin riail sin, dhíshéimheofaí an ginideach de ‘pobal’ in ‘forbairt phobail’, ar tugamar sampla de i gCaibidil 11 as Acht ón mbliain 2007, cé go bhféadfaí a áiteamh gur tuairisc shimplí ar chineál na forbartha atá sa téarma sin. Mar a chéile i gcás ‘seirbhís comhairleoireachta’, eiseamláir rialach díshéimhithe eile sa Chaighdeán Athbheithnithe, is é sin, díshéimhiú an ainmfhocail sa ghinideach atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha i dteidil aonaid riaracháin nó ghnó – d’fhéadfaí a áiteamh gur tuairisc shimplí ar chineál na seirbhíse atá sa téarma sin, agus i seirbhísí eile, ar nós ‘an tSeirbhís Chabhlaigh’, a bhí faoi chaibidil againn i gCaibidil 8.

Ba dhóigh le duine gur mhó de ghinideach aidiachtach a bheadh ann aidiacht a chur leis an nginideach aidiachtach ach, mar a chonaiceamar i gCaibidil 10 thuas, is mar seo a leanas a chuirtear ceann de na heisceachtaí is aithnidiúla d’eisceachtaí an Chaighdeáin Oifigiúil ó riail séimhithe an Chaighdeáin sin i láthair sa Chaighdeán Athbheithnithe: ‘Má chuirtear ginideach aidiachtach eile nó aidiacht mar cháiliú leis an dara hainmfhocal, ní ginideach aidiachtach a thuilleadh é agus, mar sin, ní shéimhítear é, e.g., *óiche gaoithe móire ...*’.

Ar láimh amháin tugtar ‘monarcha bhrící’ agus ‘foirngimh bhrící’, leis na bríonna monarcha atá déanta as brící agus foirngimh atá déanta as brící, faoi seach, mar eiseamláirí den ghinideach aidiachtach simplí sa Chaighdeán Athbheithnithe ach, ar an láimh eile, sáraíonn siad riail díshéimhithe an ghinidigh iolra ann. Mhaífí, b’fhéidir, go raibh feidhm idirdhealaitheach leis sin – cuirtear in iúl áit eile sa Chaighdeán Athbheithnithe go bhfuil an bhrí ‘monarcha a tháirgeann brící’ le ‘monarcha brící’ agus go mbaintear an séimhiú de ‘brící’ mar gur aonad gnó atá ann. Ach cén t-idirdhealú atá á dhéanamh le leathnú na heaspa séimhithe ar lorg cnuasainm – mar atá i leithéid ‘saithe beach’ – go dtí díshéimhiú an ghinidigh iolra nuair nach cnuasainm atá san ainmfhocal a ghabhann roimhe?

Tugtar an réasúnaíocht seo a leanas sa Chaighdeán Athbheithnithe le ceadú an tséimhithe ar an nginideach iolra ar lorg ‘beirt’ agus ‘dís’: ‘glahtar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal a chuirtear leis an dá ainmfhocal seo mar cháiliú orthu’. Ach dealraíonn sé gur mó a cháilíonn ‘beirt’ agus ‘dís’ na hainmfhocail ‘bean’ agus ‘fear’, faoi seach, in ‘beirt bhan’ agus ‘dís fhear’, ná mar a cháilíonn ‘bean’ agus ‘fear’ na hainmfhocail ‘beirt’ agus ‘dís’ sna heiseamláirí sin – tabhair do d’aire, sa

chomhthéacs sin, gur eiseamláirí den ghinideach comhbhainte, gona dhíshéimhiú, atá in ‘mí saoire’ agus ‘ráithe tuairiscithe’ sa Chaighdeán Athbheithnithe.

Agus má dhírímid ar an dara cuid de riail an Chaighdeáin Athbheithnithe i dtaca le dhíshéimhiú aonad ama, is é sin, gur ginideach comhbhainte gona dhíshéimhiú atá ann ‘más aonad ama an dara hainmfhocal’, is cinnte go nglacfadh roinnt daoine leis go bhfeidhmíonn an ginideach de ‘mí’ ‘mar thuairisc shimplí ar chineál’ na ‘saoire’ agus, dá réir sin, go n-áireoidís é mar ghinideach aidiachtach, ach tugtar ‘saoire míosa’ ar eiseamláirí an ghinidigh chomhbhainte, murab ionann agus ‘láir-eog bhliana’, a admhaítear a bheith ina ghinideach aidiachtach sa Chaighdeán Athbheithnithe.

Ginideach aidiachtach atá sa ghinideach comhaisnéise i gcás ainmhithe, de réir an Chaighdeáin Athbheithnithe – i leithéidí ‘cráin mhucice’ agus ‘stail chapail’ – ach nuair is daoine atá i gceist sa ghinideach comhaisnéise, ní shéimhítear an ginideach – leithéidí ‘baintreach fir’ agus ‘óinseach mná’ – rud a fhágann, de réir pharaidím an Chaighdeáin Athbheithnithe, nach ginideach aidiachtach atá i gceist ina gcás-san ach ginideach comhbhainte.

Agus faighimid a mhacasamhail d’idirdealú i gcás na cainníochta de – gur ginideach aidiachtach atá ann ‘má tá brí cainníochta cinnte leis an gcéad ainmfhocal’ (leithéid ‘cloch mhine’), ach nach ginideach aidiachtach atá ann ach ginideach comhbhainte ‘má tá brí cainníochta éiginnte leis an gcéad ainmfhocal’ (leithéid ‘breis bainne’). I gcás na cainníochta cinnte, de réir an Chaighdeáin Athbheithnithe, ‘glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal mar thuairisc ar an gcéad ainmfhocal’. Ach, arís, is mó a fheidhmíonn ‘cloch’ mar thuairisc ar ‘min’ in ‘cloch mhine’ ná mar a fheidhmíonn ‘min’ mar thuairisc ar ‘cloch’, agus tá a laghad céanna feidhme aidiachtaí ag an nginideach de ‘min’ in ‘cloch mhine’ is atá ag ‘bainne’ in ‘breis bainne’.


An t-ainm briathartha sa ghinideach

Fad a bhaineann leis an ainm briathartha sa ghinideach de, is é a dhíshéimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha agus ainmfhocail fhirinscigh iolra dar críoch consan caol, nuair is ionann foirm don ghinideach sin agus don aidiacht bhriathartha, is cás leis an gCaighdeán Athbheithnithe – cé gurb amhlaidh go ndearmadtar an riail sin sa Chaighdeán Athbheithnithe féin nuair a choinnítear ‘(scian) bhearrtha’ sa leagan de chur síos an Chaighdeáin Oifigiúil ar dhíochlaonadh an ainm bhriathartha a fhaightear sa Chaighdeán Athbheithnithe.¹²⁷ Glactar leis, áfach, sa Chaighdeán



¹²⁷ Féach an Caighdeán Athbheithnithe, lch 124, alt 5.3.3:

1. Is ionann foirm de ghnáth do ghinideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha sna cásanna seo a leanas:-



Stiallghreannán arna fhoilsiú ag an Aontas Eorpach (2011)

Athbhreithnithe, taobh amuigh de na cásanna sin nuair is ionann foirm don ghinideach den ainm briathartha agus don aidiacht bhriathartha, gur ‘ginideach aidiachtach simplí’ atá i nginideach an ainm bhriathartha agus go séimhítear é. Áirítear dhá shampla den ghinideach séimhithe den ainm briathartha i measc eiseamláirí an ghinidigh aidiachtaigh shimplí sa Chaighdeán sin, mar atá, ‘bean chabhartha’ agus ‘lámh chúnta’. I gcás ‘bean chabhartha’, faightear an téarma sin sa Chaighdeán Oifigiúil féin, i measc na samplaí a thugtar de bhunriail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach sa Chaighdeán sin. Tugtar ‘cabhradh’ mar ainm briathartha malartach an bhriathair ‘cabhraigh’ i bhFoclóir Uí Dhónaill – bheadh foirm ghinidigh an ainm bhriathartha chaighdeánaigh, ‘cabhrú’ (is é sin, ‘cabhraithe’), ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha nó an rangabháil chaite. I gcás ‘lámh chúnta’, áirítear ‘cúnamh’ sa Chaighdeán Oifigiúil ar na hainmneacha briathartha a bhfuil foirm na haidiachta briathartha in easnamh orthu.¹²⁸ Thiocthadh ‘lámh chuidithe’ salach ar rialacha an Chaighdeáin Athbhreithnithe mar go bhfuil foirm sin an ainm bhriathartha ar aon dul le foirm na haidiachta briathartha. Sin í an chúis, chomh maith, nach bhféadfaí ‘innill bhainte’ – a thugtar in éindí le ‘bean chabhartha’ sa Chaighdeán Oifigiúil mar shamplaí de bhunriail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach – a áireamh leis na heiseamláirí den ghinideach aidiachtach simplí sa Chaighdeán Athbhreithnithe, is é sin, tharla an ginideach den ainm briathartha a bheith ar aon dul leis an aidiacht bhriathartha ní bheadh séimhiú ar an nginideach den ainm briathartha ‘baint’ de réir an Chaighdeáin Athbhreithnithe.

Is amhlaidh, áfach, nach gcuimsíonn an téarma ‘ginideach aidiachtach’ an fheidhm bhriathartha a bhíonn ag an ainm briathartha sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal. Tá feidhm bhriathartha ag ‘cabhartha’ agus ‘cúnta’ araon in

(a) ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-(e)adh*, e.g., *cáineadh*, (*rún*) *cáinte*; *moladh*, (*dán*) *molta*; *bearradh*, (*scian*) *bhearrtha*; *folcadh*, (*dabbach*) *folctha*.

Níl d’athrú déanta sa sliocht sin ar a bhfaightear sa Chaighdeán Oifigiúil ach ‘sna cásanna seo a leanas’ a cur in ionad ‘i gcás’. Féach fonóta 69 ar lch 27 thuas i dtaca le ‘scian bhearrtha’ i bhFoclóir Uí Dhónaill – cf. ‘Níor cuireadh sgian bhearrtha riamh ar mo cheann’ (*Na Breithiúna* 16:17 i leagan Bhedel de *Leabhair an tSean-Tiomna*).

¹²⁸ Ar ‘gnáthainmneacha briathartha’ eile a bhfuil foirm na haidiachta briathartha in easnamh orthu agus a áirítear le ‘cúnamh’ sa Chaighdeán Oifigiúil (agus sa Chaighdeán Athbhreithnithe ina dhiaidh sin) tá ‘achainí’, ‘fónamh’, ‘gol’, ‘guí’ agus ‘maireachtáil’; tugtar an briathar ‘cúnaigh’ mar cheannfhocal i bhFoclóir Uí Dhónaill, agus ‘cúnamh’ mar ainm briathartha aige, le ‘cúnaimh’ mar fhoirm an ghinidigh uatha mar ainmfhocal, agus ‘cúnta’ mar fhoirm an ghinidigh uatha mar ainm briathartha.

‘bean chabhartha’ agus ‘lámh chúnta’, faoi seach.¹²⁹ Agus is mó fós an fheidhm bhriathartha a bhíonn ag an nginideach den ainm briathartha nuair a ghabhann cuspóir leis an nginideach sin – féach ‘lámh chosanta a chine’ agus ‘Croch Chéasta Chríost’, mar shampla, a tugadh i gCuid 1 den staidéar, agus ‘bean chasta na tuirne’¹³⁰ agus ‘fir bhualte an arbhair’, a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil mar shamplaí den tslí a ndéantar ‘athrú an ghinidigh’ ar an ainm briathartha i ndiaidh ainmfhocail – agus a gcuirtear ‘bean fuascailte na ceiste’ agus ‘innill buailte an arbhair’, gona ndíshéimhiú, ina n-ionad sa Chaighdeán Athbhreithnithe, toisc na foirmeacha ginideacha sin a bheith ar aon fhoirm le foirmeacha aidiachtaí briathartha na mbriathra ‘fuascail’ agus ‘buail’ faoi seach.

¹²⁹ Tabhair do d’aire, i gcomhthéacs na coimhlinte a mhaítear a bheith idir an aidiacht bhriathartha (rangabháil chaite) agus an ginideach den ainm briathartha sa Ghaeilge go bhfuil ceist ann i dtaobh cé acu an aidiacht nó briathar atá san fhoirm sin dar críoch *-ing* sa Bhéarla – féach, mar shampla, alt dar teideal ‘V + *ing*: *It Walks like an Adjective, It Talks like an Adjective*’, le Hagit Borer, mar a ndeirtear: *To conclude ... there is a great advantage to assuming that jumping, sleeping, and so on, are adjectives. Such an assumption explains their syntactic distribution and their morphological affixation possibilities and leads to a simplified account of similarities between them and adjectival passives* (*Linguistic Inquirer*, Iml. 21, Uimh. 1 [Geimhreadh 1990], lch 102-3).

¹³⁰ Féach fonóta 145 i gCaibidil 1 i dtaca le ‘bean chasta na tuirne’ (*recte* ‘bean chasta an tuirne’).

An riail á leasú

An t-ainm briathartha

Áiríodh an t-ainm briathartha i dteannta an ainmfhocail i riail an tséimhithe ar an nginideach ar lorg ainmfhocail in *Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* (1953). Faoi mar a chonaiceamar sa chaibidil tosaigh, tugtar an riail, mar aon le samplaí dá húsáid, díreach i ndiaidh na rialacha sa Chaighdeán sin a bhaineann le séimhiú ar chonsan tosaigh aidiachtaí:

Baineann na rialacha sin thuas freisin le hainmfhocail agus ainmneacha briathartha sa nginide nuair a húsáidtear iad i gcáil aidiachtaí in abairtí mar–

- (a) *clúdach an bhosca phráis, mac an fhir ghortaithe, d'uireasa caighdeáin ghramadaí,*
- (b) *adharc bhó, cos chapail, ubh chirce, ciall cheannaigh, cloch fhaobhair, scian choise duibhe, thug sé lámh chúnta dhúinn, shuigh sé ar chathaoir shúgáin.*¹

Cé gur aidiacht atá in ‘gortaithe’ thuas, dealraíonn sé gur tugadh ‘mac an fhir ghortaithe’ agus ‘lámh chúnta’ araon mar shamplaí den séimhiú ar an ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol agus ainmfhocail bhaininscnigh uatha faoi seach.

Cúig bliana ina dhiaidh sin, in *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1958), áiríodh ‘bean chabhartha’ agus ‘innill bhainte’ ar na samplaí den séimhiú a bhí le cur ar an ainmfhocal sa ghinideach ‘ag brath ar ainmfhocal baininsneach uatha’ agus ‘ar ainmfhocal iolra’ a chríochnaigh ar chonsan caol, faoi seach, ach níor áiríodh an t-ainm briathartha i dteannta an ainmfhocail sa riail féin:

Má bhíonn ainmfhocal (nach ainm dílis) sa ghinideach ag brath ar ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, is iondúil go gcuirtear séimhiú air, e.g., *cathaoir shúgáin, súil ghloine, cloch mhíne, deoir bhainne, pusáil ghoil, bean chabhartha, cráin mhúice, aimsir bháistí, cumainn chrábhaidh, ábhair chulaithe, innill bhainte.*²

Dhá bhliain ina dhiaidh sin, in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960), luadh an t-ainm briathartha go sonrach i dteannta an ainmfhocail éiginnte i riail an tséimhithe sa Ghraiméar sin. Leagadh síos sa riail sin go raibh túsconsan ainmfhocail le séimhiú i gcás tuisil ghinidigh ‘ainmfhocail éiginnte nó ainm

¹ *Op. cit.*, lch 20.

² Riail 6(I) sa chaibidil sa Chaighdeán Oifigiúil dar teideal ‘Séimhiú agus Urú’.

bhriathartha’ a bhí faoi réir ag ainmfhocal eile a tháinig go díreach roimhe, nuair ba ainmfhocal iolra dar chríoch consan caol nó ainmfhocal baininsneach uatha an chéad ainmfhocal – áiríodh ‘léim sheachanta’ agus ‘bean chaointe’ ar na samplaí den séimhiú sin i gcás an ghinidigh ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha nuair a bhí ‘an ginideach ina ainm briathartha’:

Séimhítear túsconsan ainmfhocail sna cásanna seo a leanas:– ... Tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm bhriathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile a thagann go díreach roimhe: ... (a) nuair is ainmfhocal iolra dar chríoch consan caol an chéad ainmfhocal (b) nuair is ainmfhocal baininsneach uatha (nach ginideach) an chéad ainmfhocal. ... Samplaí aicmithe den riail: ... (ii) an ginideach ina ainm briathartha:– *cloch cheangail; léim sheachanta; bean chaointe*.³

Coinníodh na tagairtí sonracha sin don ainm briathartha, mar aon leis an dá shampla sin, san eagrán nua den ghraiméar sin a d’fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1999. Ina theannta sin, tugadh ‘sárú gealltanais phósta’ mar shampla den séimhiú ar an ainm briathartha sa ghinideach nuair a áiríodh, i riail an eagráin sin, an séimhiú ar thuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm bhriathartha a bhí faoi réir ag ainmfhocal eile ar caolaíodh a chonsan deiridh trí infhilleadh:

Séimhítear tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile nuair is ainmfhocal iolra dar chríoch consan caol an chéad ainmfhocal: *buidéil bhainne; éisc mhara; faochain chapail*, nó nuair a chaolaítear san uatha consan deiridh an chéad ainmfhocail trí infhilleadh: *toirtín aráin choirce; sárú gealltanais phósta*.⁴

³ Féach Foscríbhinn 2. Tabhair do d’aire go bhfaightear an t-ord céanna a chonaiceamar thuas i gCaighdeán 1953, seachas ord Chaighdeán 1958, in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* ó thaobh tús áite a thabhairt don séimhiú ar lorg an ainmfhocail fhirinscnigh dar chríoch consan caol. Sa réamhrá a ghabhann leis an nGraiméar sin deirtear go bhfuil ‘an deilbhíocht agus cuid mhaith den chomhréir bunaithe ar *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*’; gabhtar buíochas le Príomh-Aistritheoir Rannóg an Aistriúcháin as a chúnaimh agus deirtear, chomh maith, gur ‘ar a chomhairleasan agus ar chomhairle na Roinne Oideachais’ a rinneadh ‘corr-mhionleasú’ sa Ghraiméar ‘ar na rialacha atá sa ghraiméar caighdeánach thuasluaite [i.e. an Caighdeán Oifigiúil]’ (*op. cit.*, lch vii). Díol spéise é an ráiteas deiridh sin i gcomhthéacs na leasuithe a rinneadh ar riail séimhithe Chaighdeán 1958 in eagrán 1960 den Chaighdeán Oifigiúil, ar leasuithe iad a bhí faoi chaibidil againn i gCaibidil 17. Ag cur san áireamh líon na leasuithe ar Chaighdeán 1953 atá i gCaighdeán 1958, agus go háirithe an tsraith sin eisceachtaí ón riail séimhithe a fhaightear i gCaighdeán 1958, amhlaidh gurbh é Caighdeán 1953 a bhí ann nuair a bhí an Br Ó hAnluain ag tosú amach i mbun an Ghraiméir sin agus go raibh tionchar ar Chaighdeán Oifigiúla 1958 agus 1960 araon ag an gcomhchomhairle sin leis an bPríomhaistritheoir, chomh maith le tionchar a bheith ag an gcomhchomhairle ar an nGraiméar?

⁴ Féach Foscríbhinn 3, mar a dtugtar an riail maidir leis an séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, i dteannta na rialach sin thuas.

Mar a bheifí ag súil leis, mar gheall ar an gceangal institiúideach idir iad agus an Gúm, choinnigh an Coiste Téarmaíochta an tagairt shonrach sin don ainm briathartha sa rialail atá ina gcuid moltaí ‘maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’:

Nuair a leanann ainmfhocal nó ainm briathartha éiginnte ainmfhocal nó ainm briathartha baininsneach san uimhir uatha, is féidir go mbeidh an dara hainmfhocal séimhithe ... nó lom, ag brath ar an ngaol idir an dá ainmfhocal.... Nuair a leanann ainmfhocal nó ainm briathartha éiginnte ainmfhocal iolra dar críoch consan caol, moltar an dara hainmfhocal a shéimhiú⁵

Agus, arís, mar a bheifí ag súil leis, b’fhéidir, mar gheall ar an ionadaíocht láidir a bhí ag an gCoiste Téarmaíochta, lena n-áirítear Príomh-Eagarthóir an Ghúim, ar an gCoiste Stiúrtha ar an Athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil a chuir *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011) i dtoll a chéile, coinníodh an tagairt shonrach sin don ainm briathartha i rialail an Chaighdeáin sin, agus tugadh neart samplaí den séimhiú ar an ainm briathartha:

Má bhíonn ainmfhocal (nach ainm dílis) nó ainm briathartha sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), agus é i gcáil aidiachta, cuirtear séimhiú air... Bíonn an dara hainmfhocal i gcáil aidiachta nuair a bhíonn an chéad ainmfhocal á cháiliú aige, mar atá sna haicmí seo a leanas: ... (iii) Nuair a léiríonn an dara hainmfhocal an gníomh a dhéanann an chéad ainmfhocal nó an úsáid a bhaintear as, e.g. *áit chónaithe, áit pháirceála, bean chaointe, lámh chúnta, litir mholta, scéim mharcála, uimhir thagartha, uimhir theagmhála*.... Séimhítear ainmfhocal (nach ainm dílis) nó ainm briathartha sa ghinideach má bhíonn sé faoi réir ag ainmfhocal sa Chéad Díochlaonadh (i) atá sa ghinideach uatha nó sa ghairmeach uatha, ... nó (ii) atá san ainmneach iolra agus a chríochnaíonn ar chonsan caol, e.g. ... *innill bhainte*.⁶

Léiríonn an líon mór samplaí den ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha a tugadh i gCuid I den staidéar seo, agus an líon mór samplaí den ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra agus ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach, faoi seach, a tugadh i gCaibidlí 6 agus 14 i gCuid II,⁷ go dtuilleann an t-ainm briathartha go n-áireofaí go sonrach é leis an ainmfhocal i rialail an tséimhithe ar an nginideach ar lorg ainmfhocail sa chéad Chaighdeán Oifigiúil atá le heisiúint faoin reachtaíocht a achtaíodh sa bhliain 2013 i dtaca leis an gCaighdeán Oifigiúil.⁸

⁵ Féach Foscríbhinn 4.

⁶ Féach Foscríbhinn 5.

⁷ Chomh maith leis na caibidlí sin tugadh lear mór samplaí d’ainmneacha briathartha dar tús ‘f’ i gCaibidil 16.

⁸ Féach Foscríbhinn 8.

An aidiacht bhriathartha

Cé go dtugtar eiseamláirí den ainm briathartha sa ghinideach i measc eiseamláirí riail an tséimhithe in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe* (2012), ní amháin nach n-áirítear an t-ainm briathartha go sonrach sa riail féin ach lagaítear seasamh an ainm bhriathartha sa ghinideach sa Ghaeilge tríd an mbéim a chuirtear sa Chaighdeán sin ar an riail nua ann lena rialaítear go bhfuil an t-ainm briathartha sa ghinideach le díshéimhiú más ionann foirm dó agus don aidiacht bhriathartha. Is amhlaidh go bhfuil samplaí den ghinideach sin den ainm briathartha arb ionann foirm dó agus don aidiacht bhriathartha chomh bunaithe sin sa teanga, mar a chonaiceamar sa staidéar seo, nár fhéad Rannóg an Aistriúcháin féin a riail nua féin a chur i bhfeidhm i gcás téarmaí áirithe in Achtanna an Oireachtais a d’aistrigh siad ó d’fhoilsigh siad an Caighdeán Athbhreithnithe, faoi mar a chonaiceamar san Iarscríbhinn leis an gcaibidil deiridh i gCuid 1 (lch 112).

Maidir le haidhm na rialach nua, is é sin, idirdhealú a dhéanamh idir foirm an ghinidigh den ainm briathartha agus foirm na haidiachta bhriathartha, ní féidir an t-idirdhealú sin a dhéanamh i gcás ainm bhriathartha dar tús guta, nó consan doshéimhithe, sa ghinideach. Ná ní féidir idirdhealú a dhéanamh de réir na rialach nua sin i gcás ainm bhriathartha atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha nó ainmfhocal iolra dar críoch guta nó consan leathan. Agus faoi mar a léiríodh i gCuid 1 den staidéar, is tuiscint chúng nach bhfuil ag teacht le gnás na Gaeilge í an tuiscint nach bhfuil de bhrí le ‘áis chaomhnaithe’ (eiseamláir an Chaighdeáin Athbhreithnithe)ach ‘áis atá caomhnaithe’, mar a léiríonn téarmaí ó ‘badhbh chaointe’ go ‘áit chónaithe’ go ‘uimhir thagartha’. Níl aon bhaol ann go measfadh duine gur ‘áit atá cónaithe’ atá i gceist le ‘áit chónaithe’, mar shampla. Cuireadh lear mór samplaí i láthair sa staidéar d’ainmneacha bhriathartha a séimhíodh sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha in Achtanna an Oireachtais a d’aistrigh Rannóg an Aistriúcháin i gcaitheamh na mblianta, agus an fhoirm ghinideach sin ar aon dul le foirm na haidiachta bhriathartha, agus ar léir, go fiú agus gan aon chomhthéacs a bheith tugtha, gurbh é an t-ainm bhriathartha sa ghinideach seachas an aidiacht bhriathartha a bhí sna samplaí sin.

Arís mar a chonaiceamar i gCuid 1 den staidéar, i gcás ina bhfuil baol ann go measfar gur aidiacht bhriathartha atá i gceist le foirm an ghinidigh den ainm bhriathartha, tá roinnt bealaí eile timpeall air sin a thagann le gnás na Gaeilge in áit an séimhiú a bhaint den ainm bhriathartha sa ghinideach, agus ar bealaí iad nach bhfuil teoranta d’ainmneacha bhriathartha inséimhithe. Má thógaimid an tAcht um Rialáil Tacsaithe, 2013,⁹ mar shampla, mar a bhfaightear ‘uimhir

⁹ Tá rialacha nua an Chaighdeáin Athbhreithnithe curtha i bhfeidhm i gcoitinne san Acht sin (a ngabhann an dáta 23 Deireadh Fómhair 2013 leis ar an *Irish Statute Book*) – mar shampla, an t-ainmneach in ionad an ghinidigh in ‘Féadfaidh díolúine a bheith ina díolúine ar feadh tréimhse shonraithe’, *An exemption may be for a specified period* (alt

chláraithe’ mar aistriúchán ar *registration number*¹⁰ (d’ainneoin gur aistríodh an tAcht tar éis fhoilsiú an Chaighdeáin Athbhreithnithe), is amhlaidh go bhfaightear ‘an tréimhse dícháilithe’ mar aistriúchán ar *the period of disqualification* in alt eile den Acht sin;¹¹ dá mba rud é, áfach, gur bhain baol míthuisceana le ‘an tréimhse dhícháilithe’ d’fhéadfaí leas a bhaint as ‘an tréimhse dhícháiliúcháin’ (mar a dhéantar san Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010, mar shampla),¹² nó as ‘tréimhse an dícháiliúcháin’ (mar a dhéantar sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú), 1964)¹³ nó as ‘an tréimhse dhícháilíochta’ (mar a dhéantar san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981, mar shampla).¹⁴

53(7)); féach, áfach, an séimhiú ar an nginideach de ‘ceadúnú’ in ‘nach bhfuil an fheithicil ceadúnaithe de réir rialacháin cheadúnaithe’, *the vehicle is not licensed in accordance with licensing regulations* (alt 41(4)(a)) – dealraíonn sé, ón mBéarla, gur ainmneach iolra atá in ‘rialacháin’ anseo, agus gur sampla den séimhiú ar an ainm briathartha sa ghinideach, d’ainneoin é a bheith ar aon fhoirm leis an aidiacht bhriathartha, atá sa ghinideach séimhithe de ‘ceadúnú’ (é sin nó gur meascadh leis an aidiacht bhriathartha é).

- ¹⁰ ‘i gcás go ndéanfaítear an ceadúnas i leith feithicle, marc sainaitheantais uathúil (uimhir chláraithe) na feithicle’, *where the licence is granted in respect of a vehicle, the unique identification mark (registration number) of the vehicle* (alt 18(3)(e) den Acht thuasluaite).
- ¹¹ ‘an tréimhse dícháilithe i leith an chiona shonraithe’, *the period of disqualification for the specified offence* (alt 30(10)(e) den Acht) – féach Caibidil 12 thuas, mar a bpléitear an séimhiú i gcás aonad ama, ‘tréimhse’ san áireamh.
- ¹² ‘... an tréimhse dhícháiliúcháin a shonraítear in ordú dícháiliúcháin iarmhartach’, *The period of disqualification specified in a consequential disqualification order ...* (alt 26(4) (a) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna chur isteach le halt 65(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010 – cf. alt 9(4) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002); tabhair do d’aire go bhfaighimid ‘tréimhse dícháiliúcháin’ (gan séimhiú ar lorg ‘tréimhse’) in alt 26(4) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961: ‘Tréimhse nach giorra ná sé mhí a bheidh sa tréimhse dícháiliúcháin a shonrófar in ordú dícháiliúcháin iarmartach’, *The period of disqualification specified in a consequential disqualification order shall ... be not less than six months.*
- ¹³ ‘coimeádfaidh an t-údarás sin an ceadúnas tiomána nó go mbeidh tréimhse an dícháiliúcháin caite’, *such authority shall retain the driving licence until the expiration of the period of disqualification* (alt 52 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú), 1964 [Ionstraim Reachtuil Uimh. 29 de 1964]) – aistríonn ‘tréimhse an dícháiliúcháin’ *the period of the disqualification* in alt 5(11) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2006, mar shampla: ‘cuirfidh an tAire faoi deara fógra a eisiúint chuig an duine lena mbaineann á chur in iúl dó nó di gurb é an dáta do thosach thréimhse an dícháiliúcháin dáta 14 lá i ndiaidh dháta an fhógra sin’, *the Minister shall cause a notice to be issued to the person concerned informing him or her that the date for the commencement of the period of the disqualification is 14 days after the date of that notice.*
- ¹⁴ ‘agus tosóidh an tréimhse dhícháilíochta an lá a chaill nó a d’fhág sé an fhostaíocht nó a rinne sé an diúltú, an mhainneachtain nó an fhaillí’, *and the period of disqualification shall commence on the day on which the loss or leaving of employment, refusal, failure or neglect ... occurred* (alt 35(3) den Acht thuasluaite – cf. alt 17(4) den Acht Leasa Shóisialaigh, 1952) – féach alt 16(2)(a) den Acht um Chongnamh Dhíomhaointis, 1933: ‘agus é do bheith i dteideal sochair dhíomhaointis ar dhul in éag don tréimhse dhí-cháilíochta chun sochair dhíomhaointis d’fháil’, *and is entitled to unemployment benefit on the expiration*

Cuireadh síos i gCaibidil 4 thuas ar shlite eile fós inar féidir teacht timpeall ar aon bhaol measctha idir foirm an ghinidigh shéimhithe den ainm briathartha agus foirm na haidiachta briathartha, más gá sin a dhéanamh. I dtaca leis an ainm briathartha sa ghinideach lena ngabhann cuspóir, faighimid léiriú ar shlí chun an ginideach sin a sheachaint, chomh maith, más gá, san abairt seo a leanas as an m*Bíobla Naofa* (1981): ‘lucht ba agus caoirigh agus colmáin a dhíol, agus lucht airgead a mhalartú’¹⁵ – i gcás ‘lucht díolta bó agus caorach agus colmán’ d’fhéadfadh ginideach uatha nó iolra a bheith i gceist le ‘bó’ agus ‘caorach’ araon.


An comhtháthú

Ach is amhlaidh go mbíonn sé níos soiléire fós gur ainmfhocal agus ainm briathartha sa ghinideach a bhíonn i gceist, seachas ainmfhocal agus aidiacht bhriathartha, nuair a ghabhann cuspóir leis an ainm briathartha, mar a léirigh na samplaí as Achtanna an Oireachtais a tugadh i gCaibidil 3 thuas – leithéidí ‘scéim chaomhnaithe cósta’, ‘cumhacht chomórtha armchúirte’ agus ‘cúirt ghearrtha pianbhreithe’. An baol mór a bhaineann le riail an Chaighdeáin Athbhreithnithe i gcás a leithéidí ná, le himeacht aimsire, go mbeadh drochamhras ag daoine ar an struchtúr sin féin, agus go seachnófaí é. Agus is cinnte go mbeadh an baol sin ann i gcás an ghinidigh den ainm briathartha ar lorg ainmfhocail nuair nach mbeadh cuspóir ag gabháil leis an ainm briathartha.

Faighimid samplaí den ainm briathartha sa ghinideach i nGluaiseanna Würzburg agus St. Gallen, ón ochtú agus ón naoú haois faoi seach, agus atá ar na foinsí is sine atá againn don Ghaeilge. Ar na samplaí sin tá ‘fer dénma bairgine’¹⁶ (i.e. ‘fear

of the period of disqualification for receiving unemployment benefit; tabhair do d’aire go bhfaightear ‘an tréimhse cháilitheachta’ ar the period of qualification sa Nóta Míniúcháin a ghabhann le hOrdú Pinsin an Gharda Síochána, 1969 (Ionstraim Reachtuil Uimh. 136 de 1969).

- ¹⁵ Féach *Eoin* 2: 13-16, a thugtar ina iomláine anseo, mar go bhfaightear sampla den ghinideach séimhithe den ainm briathartha ar lorg ‘lucht’ ann, chomh maith: ‘Bhí Cáisc na nGiúdach in achmaireacht agus chuaigh Íosa suas go Iarúsailéim dá bhrí sin. Fuair sé sa sanctóir lucht ba agus caoirigh agus colmáin a dhíol, agus lucht airgead a mhalartú ina suí ann. Agus rinne sé sciúirse de théada agus thiomáin sé iad go léir amach as an sanctóir, na caoirigh agus na ba chomh maith; scaip sé airgead an lucht mhalartaithe agus leag sé na boird, agus dúirt sé le lucht na gcolmán a dhíol: “Beirigí na nithe sin as seo agus ná déanaigí teach margaidh de theach m’Athar.” Tabhair do d’aire gur ‘lucht díolta damh agus caorach agus colm, agus lucht malarta an airgid’ a bhí ag Uilliam Ó Domhnaill sa bhliain 1602 (de réir an leagain ‘do h-aithscríobhadh as Gaedhilg na h-aimsire seo’ in *An Soiscéal Naomhtha de réir Eoin*, BÁC 1936) agus gur ‘daoine agus ba acu ‘á dhíol, agus caoire, agus colúir, agus lucht airgid do shóinseáil’ a bhí ag an Athair Peadar Ua Laoghaire (in *Na Ceithre Soisgéil as an dTiomna Nua*, BÁC 1915).
- ¹⁶ Gluaiseanna St. Gallen 184b3 – féach Whitley Stokes agus John Strachan, *Thesaurus Palaeohibernicus*, Iml. II (BÁC 1987 [1903]), lch 177, mar a n-aistrítear an abairt mar *a maker of bread*; faighimid samplaí d’abairtí den tsamhail chéanna míle bliain níos déanaí



‘Aritát .ui. dorais choemtechta arcind inchiniuda dóenna’ (i.e. ‘Óir tá sé dhoras coimhdeachta ar ceann an chine dhaonna’), sa dá líne dheireanacha sa sliocht sin thuas as ‘Fis Adamhnáin’ in *Leabhar na hUidhre*, lámhscríbhinn uimh. 23 E 25, lch 28, in Acadamh Ríoga na hÉireann.

déanta bairín’ sa Nua-Ghaeilge), ‘fer brithe lésboiri’¹⁷ (i.e. ‘fear breithe léaspaire’), agus ‘gae gona éisc’¹⁸ (i.e. ‘ga gona éisc’). Agus sa lámhscríbhinn is sine atá againn ina bhfaightear bailiúchán de litríocht na Gaeilge, is é sin, *Leabhar na hUidhre*, ón 12ú haois, faighimid sampla den ainm briathartha arna shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail dar críoch consan caol, ‘.ui. dorais chóemtechta’¹⁹ (i.e. ‘sé dhoras coimhdeachta’). Léiriú ar shinsearachta ghinideach seo an ainm bhriathartha sa Ghaeilge é go n-áiríonn Joseph Vendryes na nathanna Gaeilge sin thuas, agus a thuilleadh nach iad, in alt leis dar teideal *Sur l’emploi de l’infinifitif au génitif dans quelques langues indo-européennes*, mar a dtugann sé ‘infinidigh’ ar na hainmneacha briathartha sin, agus mar a ndeir sé: *C’est avec l’infinifitif celtique que l’infinifitif sanskrit a le plus de ressemblances.*²⁰

Bíonn fileatas ag roinnt le gontacht na comhréire nuair a bhíonn cuspóir ag gabháil leis an ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile ach

i bhFoclóir Uí Dhónaill – ‘fear déanta brící’, *brickmaker*, ‘fear díolta páipéar’, *news-vendor*, ‘fear iompair ualaigh’, *burden-bearer*, agus ‘fear (inste) scéil’, *storyteller*, *bringer of news* (s.v. ‘fear’) – cf. ‘lucht briste an dlí’, (*the law-breakers*, agus ‘lucht díolta poitín’, *poteen-makers* (s.v. ‘lucht’); tugann L. Mc Cionnaith ‘fear déanta bróg’, s.v. *maker*, mar a n-áiríonn sé ‘fear bróg do dhéanamh’ (i nGaeilge na Mumhan), chomh maith.

¹⁷ Gluaiseanna Würzburg 25d3 – féach Whitley Stokes agus John Strachan, *op. cit.*, Iml. 1 (BÁC 1901 [1987]), lch 663, mar a n-aistrítear an abairt mar *a man who carries a taper*.

¹⁸ Gluaiseanna St. Gallen 37b20 – féach Whitley Stokes agus John Strachan, *op. cit.*, Iml. 11, lch 91, mar a n-aistrítear an abairt mar *a spear for killing fish*.

¹⁹ Is i leagan *Leabhar na hUidhre* de ‘Fis Adamhnáin’ a fhaightear an abairt sin agus tugtar an sliocht as an lámhscríbhinn ina bhfaightear í ansin thuas – seo a leanas an trasscríbhinn agus an t-aistriúchán ar an abairt iomlán as Whitley Stokes, *Adamnán’s Vision* (1870), lch 10-11: ‘Aritát .ui. dorais choemtechta arcind inchiniuda dóenna corrice inriched’, *For there are six gates of protection before the human race up to the Kingdom; tá an abairt curtha in eagar mar seo a leanas ag R.I. Best agus Osborn Bergin, Lebor na hUidre* (BÁC 1929), lch 71: ‘ar itát .ui. dorais chóemtechta ar cind in chiniuda dóenna co rrice in riched’.

²⁰ M. J. Vendryes, *Sur l’emploi de l’infinifitif au génitif dans quelques langues indo-européennes* in *Mémoires de la Société de linguistique de Paris*, Iml. xvi(1910), lch 249.

go háirithe – rud a d’aithin na filí. Léirítear é sin ó line thosaigh chaoineadh Chréidhe, nuair a maraíodh Dineartach i gCath Chairn Chonaill sa bhliain 649 A.D. – ‘It é saigdi goine súain / cech trátha ind-oidchi adhúair’²¹ (i.e. ‘Saighde iad seo a ghoineann suan / gach tráth den oíche athfhuar’²²) – go líne dheiridh rainn i ndán le hEochaidh Ó hEoghusa (c.1568-1612) – ‘aon-ghoin bhásaighthe bandáil’²³ – agus líne dheiridh an dáin ‘Faoiseamh’ le Máirtín Ó Direáin: ‘Gur chuireamar fad mara iad / Le hurchar crochta gualann’.²⁴

Sna habairtí sin thuas ina ngabhann cuspóir leis an ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail faighimid an-léiriú ar an gcomhtháthú, ar tréith é a bhaineann leis an teanga scríofa, i gcomórtas leis an teanga labhartha, dar le Wallace L. Chafe, a deir:

... *written language tends to have an ‘integrated’ quality which contrasts with the fragmented quality of spoken language.*²⁵

Cuireann sé síos mar a leanas ar a bhfuil i gceist aige leis an gcomhtháthú sin:

*Integration refers to the packing of more information into an idea unit than the rapid pace of spoken language would normally allow. In fragmented language, a typical idea unit consists of a single clause, containing one predicative element (a verb or predicate adjective) and the noun phrases which are directly associated with that element as subject, object and the like Integrated language, on the other hand, makes use of a variety of devices for incorporating additional elements into an idea unit.*²⁶

An tseift nó an deis is suaithinsí a mbaintear feidhm aisti sa teanga chomhtháite ná *nominalization*, dar leis:

²¹ ‘It ē saigdi goine sūain / cech trāt[h]a ind-oidc[h]i adhūair: / sercoi lie gnāsa iar ndē / fir a tōib tiri Roighne’ (Kuno Meyer, *The Song of Créde, Daughter of Guaire*, arna chur in eagar aige in *Ériu* 11 [BÁC 1971], lch 15).

²² ‘Saighde iad seo a ghoineann suan / gach tráth den oíche athfhuar, / treighde grá ag ceann gach lae / i ndiaidh an fhir ó Roighne’ (Tomás Ó Floinn, ‘Uaillchumha Chréidhe’, *Athdhánta* [BÁC 1969], lch 8) – ‘treighdeanna’ a thugtar mar fhoirm iolra ‘treighid’, *shooting pain, pang*, i bhFoclóir Uí Dhónaill.

²³ Féach Láimhbheartach Mac Cionnaith CÍ, eag. *Diogbluim Dána* (BÁC 1938), lch 406, rann 41c – gabhann an ghluais ‘le grádh’ leis an líne sin (as dán dar tús ‘Teallach einigh iath Laighean’, dán a scríobhadh d’Fhéilim, mac Fiachaidh (†1596) mic Aodha, Ó Broin).

²⁴ *Máirtín Ó Direáin: Na Dánta* (Conamara 2010), lch 122 – féach, chomh maith, ón bhfile céanna, ‘Má bhíonn ár dtine gan coigilt / Le fód coigilte an dóchais’ agus ‘... an dream a char an briathar, / A mba phaidir leo gach leac / I dteampall adhartha na bé’ (*ibid.*, lch 52 agus lch 120, faoi seach).

²⁵ Wallace L. Chafe, *Integration and Involvement in Speaking, Writing, and Oral Literature*, in Deborah Tannen, eag. *Spoken and Written Language: Exploring Orality and Literacy* (New Jersey, 1982), lch 38.

²⁶ *Ibid.*, lch 39.

*A nominalization allows a notion which is verbal in origin to be inserted into an idea unit as if it were a noun. Such an element then plays the role of a noun in the syntax of the idea unit, acting as one of the arguments of the main predication. Thus it adds another, intrinsically predicative, element to the idea unit in the guise of a nominal one.*²⁷

Oireann cuid dá bhfuil sa sliocht sin thuas mar chur síos ar an ainm briathartha sa struchtúr Gaeilge atá faoi chaibidil againn ach go mbíonn feidhm bhriathartha ag an ainm briathartha sa ghinideach agus dealraíonn sé go bhfuil an struchtúr sa Ghaeilge níos comhtháite fós ná an struchtúr atá i gceist ag Wallace L. Chafe.²⁸

Agus is amhlaidh go mbaineann taighde Wallace L. Chafe le hábhar, chomh maith, ó thaobh an ainmfhocail nó an ainm bhriathartha sa ghinideach agus feidhm aitreabúideach aige – ag trácht dó ar aidiachtaí aitreabúideacha deir sé:

*Although attributive adjectives were fairly common even in speaking, they appeared about four times as often in writing Thus, while nominalizations show the greatest proportional difference across the two kinds of language, attributive adjectives are the single most prevalent feature of written language.*²⁹

²⁷ *Ibid.*, lch 39.

²⁸ Léiríonn úsáid *treatment* seachas *treat*, *development* seachas *develop*, *operation* seachas *operate*, agus *use* (an t-ainmfhocail) seachas *use* (an briathar) sna trí abairt shamplacha seo a leanas na struchtúir atá i gceist aige:

There appeared to be evidence of differential treatment of children.

The historical development of proper names often deviates from regular processes of linguistic change.

The meaning generated by the operation of productive algorithms which make no use of context, inference, or past calculation. (ibid., lch 40)

Is amhlaidh go dtagraíonn Wallace L. Chafe don tslí a leanann an ginideach (mar chuspóir níos minice ná mar ainmní) na focail sin atá aibhsithe thuas, mar a leanann i gcás an struchtúir Ghaeilge, chomh maith, ach mar chuspóir amháin i gcás na Gaeilge de:

Associated with nominalizations is the occurrence of prepositional phrases, usually introduced by of, which express the subject or object of the nominalized verb; for example, treatment of children, where the children are the object of treatment, or development of proper names, where the proper names are the subject of development.

Arís, is sa scríbhneoireacht den chuid is mó a fuarthas samplaí de ghinidigh den sórt sin.

²⁹ *Ibid.*, lch 42; cé gur aidiachtaí atá i gceist ag Wallace L. Chafe sa sliocht sin thuas, baineann an cur síos sin, mar aon leis an gcur síos seo a leanas aige ar an leathanach díreach roimh an leathanach ónar tógadh an sliocht sin, le hábhar i gcás an ainmfhocail nó an ainm bhriathartha Gaeilge sa ghinideach agus feidhm aitreabúideach aige:

We found predicate adjectives, as in 'the house was old', to occur with approximately equal frequency in spoken and written language Such predicate adjectives are the basic device for expressing states in English. The use of attributive adjectives, as in 'the old house', allows states to be expressed as modifiers rather than assertions and is thus another integrative device.

Idirdhealú

Mar a chonaiceamar sa chaibidil tosaigh den staidéar, is faoin gceannteideal ‘idirdhealú’ a thugtar an riail nua sa Chaighdeán Athbhreithnithe ina rialaítear gan séimhiú a chur ar ainm briathartha sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal eile más ionann foirm do thuiséal ginideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha – go gcuirfeadh an dísheimhiú in ‘caisleáin cosanta’ in iúl gur ‘caisleáin chun cosaint a dhéanamh’ a bheadh i

gceist, murab ionann agus ‘caisleáin chosanta’, nach mbeadh de bhrí leis ach ‘caisleáin atá cosanta’, de réir an Chaighdeáin sin. Tá úsáid sin choincheap an idirdhealaithe tagtha chun cinn faoi thionchar ‘Moltaí an Choiste Téarmaíochta faoi Úsáid an tSéimhithe i gCásanna ar Leith’ (2003), ach go háirithe.³⁰ Díríodh i gCaibidil 12 ar an idirdhealú a maíodh sna Moltaí sin a bhí idir leithéid ‘gloine bheorach’ (cineál gloine) agus ‘gloine beorach’ (lán le beoir) – ach, faoi mar a chonaiceamar i gcás riail dísheimhithe an ainm bhriathartha sa Chaighdeán Athbhreithnithe, ní bhainfeadh idirdhealú mar sin ach le hainmfhocal nó ainm briathartha dar tús consan inséimhithe a bheadh faoi réir (a) ag ainmfhocal baininsneach uatha, nach raibh sa ghinideach, nó (b) ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol sa ghinideach nó (c) ag ainmfhocal firinsneach iolra dar críoch consan caol, nach raibh sa ghinideach.

© An tSeirbhís Stéadchomharthaí Náisiúna, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta



Faightear séimhiú, a greanadh i gcloch thart ar mhíle bliain ó shin, san ainm ‘Tuathal Saer’ (i.e., an ceardaí Tuathal) ar an leac seo i gCluain Mhic Nóis, á iarraidh ar dhaoine guí ar a shon.

30 ‘An Séimhiú Idirdhealaitheach’ atá mar cheannteideal ar an tríú mír (‘Séimhiú’ agus ‘Loime’ atá mar theideal ar an gcéad agus an dara mír faoi seach) sa cháipéis sin (féach Foscríbhinn 4 thíos). De réir na míre sin, mar shampla, má tá ‘brící’ faoi réir ag ‘monarcha’ is éard is brí le ‘monarcha bhrící’ ná go bhfuil an mhonarcha ‘déanta as brící’, murab ionann agus ‘monarcha brící’, arb éard is brí leis ná ‘áit a ndéantar brící’ (féach Caibidil 12 thuas).

Ina halt ‘A thuilleadh faoin gCaighdeán’, ar *Teangeolas* 1984, scríobh Máire Nic Mhaoláin go bhféadfadh ‘coibhneas éagsúil’ a bheith idir péirí focal i gcomhthéacsanna éagsúla – i gcás ‘cleith phubail’ is cuid den phuball atá i gceist agus ‘chrosfadh [an Caighdeán Oifigiúil] séimhiú ansin’, ach ‘bheadh cleith phubail ceart in abairt mar “chomh tanaí le cleith phubail” agus tú á dealú ó chleitheanna de shórtanna eile’, a scríobh sí (*op. cit.*, lch 6).

Bhain Micheál Ó Murchú leas as an lipéad ‘codarsnacht’, seachas ‘idirdhealú’, i dtaca leis an séimhiú agus an easpa séimhithe de, ina alt ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’ (2003). Tráchtann sé ar chodarsnacht idir ‘gabháil móna’ agus ‘tógáil cathrach’ ar láimh amháin, ar gníomh atá i gceist, agus ar ‘gabháil mhóna’ agus ‘tógáil chathrach’ ar an láimh eile, ar méid áirithe móna, agus an cineál tógála a gheofaí, atá i gceist, faoi seach, dar leis (*op. cit.*, lch 159); agus cuireann sé ‘aiste Gaeilge’ [faoin teanga] i gcodarsnacht le ‘aiste Ghaeilge’ [sa teanga féin], ‘obair baile’ [obair scoile a dhéanadh páiste sa bhaile] i gcodarsnacht le ‘obair bhaile’ [= ‘obair tí’], agus ‘culaith mairnéalaigh’ [déanamh ar leith do mhairnéalach] i gcodarsnacht le ‘culaith mhairnéalaigh’ [culaith ar an déanamh sin do pháiste], mar shampla (lch 161).

Níl aon cheist ná gur féidir éifeacht séimeantaice a bheith ag an séimhiú agus an easpa séimhithe, agus feidhm idirdhealaithe a bheith i gceist dá réir sin, bíodh is gur bunús deilbhfhóineolaíochta atá leis an séimhiú nó an easpa séimhithe.³¹ Ach níl aon cheist, ach oiread, ná gur féidir coimhlint a bheith idir idirdhealú nua dá leithéid agus gnásanna seanbhunaithe i dteanga.³² Is amhlaidh gurb ann do shéimhiú a chuirtear ar ainmfhocail sa ghinideach sa Ghaeilge beag beann ar inscne an ainmfhocail a bhfuil sé faoi réir aige, is é sin, i gcás an ainmfhocail dhílis agus an ainmfhocail chinnte sa ghinideach. Seo a leanas an riail sa Chaighdeán Oifigiúil, riail a fhaightear díreach tar éis na rialacha a bhaineann leis an ainmfhocail sa ghinideach ar lorg ainmfhocail éiginnte sa Chaighdeán sin:

Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail *dílis* agus ainmfhocail *cinnte* sa ghinideach i ndiaidh gach ainm, e.g., *foireann Dhoire, muintir Sheáin, Coláiste Cholmáin, cuan Bhaile Átha Cliath, oibrithe Bhéal Feirste, mac fhear an tábhairne, obair bhean an tí, díon shiopa an bhúistéara*.³³

³¹ Féach, mar shampla, Krzysztof Jaskuła, *Celtic*, in *Lenition and Fortition* (eag. Joaquim Brandão de Carvalho, Tobias Scheer agus Philippe Ségéral) (Beirlín 2008), lch 225:

... mutations in attested Celtic languages are functional phenomena which originate in prehistoric phonological processes that were contextually motivated and purely phonological. The phonological processes at hand took on morpho-syntactic conditions after the loss of prehistoric endings. Synchronically, the original contexts are irrelevant: it is impossible to define the leniting or, more generally, mutating contexts in phonological terms. In principle, any context can trigger a mutation. Rather, contemporary mutations reflect (or express) grammatical oppositions (such as gender, case, etc.).

³² Féach, mar shampla, Naomi Gurevich, *Lenition and Contrast: The Functional Consequences of Certain Phonetically Conditioned Sound Changes* (Nua-Eabhrac agus Londain 2004) – sa chaibidil deiridh, dar teideal *Implications*, scríobhtar mar a leanas (lch 279-80):

Lenition processes are overwhelmingly meaning-maintaining Phonetically conditioned sound changes such as lenition are attributed to biological factors which include the physical shape of the vocal organs, their movement, and the acoustic consequences of these properties. As such, these sound changes are motivated by properties that are common to all speakers regardless of their language, and are divorced from all phonological considerations. However, while such changes are motivated by physical properties of the articulators, the present study strongly suggests that the progress and outcome of these changes is in fact constrained by the functional consideration of contrast-maintenance. ... Sound changes that do not threaten contrast are far more likely to proceed unhindered The progress of sound changes that somewhat threaten contrast is directly influenced by the system of contrasts in a language And sound changes that threaten contrast ... often induce further changes that reshape phonological systems and help maintain contrast. ... The present study predicts that lenition processes will spare contrast about 90% of the time. Furthermore it predicts that if contrast is not threatened at all the sound changes will be widespread, affecting entire series of sounds. On the other hand if contrast is threatened, especially in the case of oppositions with high functional loads, it will most likely be preserved by way of systematic changes in the language.

³³ Tá roinnt bheag eisceachtaí ón riail sin ann, a thugtar i ndiaidh na míre sin thuas sa Chaighdeán Oifigiúil.

Tá tábhacht leis an séimhiú sin a chuireann in iúl gur ainmfhocal dílis nó ainmfhocal cinnte atá san ainmfhocal sa ginideach i ndiaidh ainmfhocail eile a bhfuil sé faoi réir aige, beag beann ar inscne an ainmfhocail sin. D'fhéadfadh sé gurb éard a bhíonn ar bun ag an gcainteoir ach go háirithe, ar uairibh, agus an séimhiú á fhágáil ar lár aige nó aici ar ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha, nó ainmfhocal iolra dar críoch consan caol, ná deimhin á dhéanamh de nach ngabhadh toise sin na cinnteachta leis an ainmfhocal trína shéimhiú.³⁴

³⁴ D'fhéadfadh sé, mar shampla, go n-athraítear 'fir bhaile mhóir' go 'fir baile mhóir' lena neamhchinnteacht a dheimhniú – féach gurb éard a tugann Mícheál Ó Siadhail i mBéarla ar 'fir baile mhóir' ná *men from big towns* (i.e., an uimhir iolra ag freagairt don uatha in 'baile mór'), in *Modern Irish: Grammatical Structure and Dialectal Variation* (lch 121), mar a chonaiceamar i gCaibidil 10 thuas, agus féach an t-alt roimh an nginideach de 'baile mór' sa teideal *Léitheoireacht agus Caitheamh Aimsire Buachaillí an Bhaile Mhóir* (Seán Mac Cuinn, 1955) – cf. 'cóip an bhaile mhóir' atá ag an Direánach sa dán 'Fear lasta lampaí', agus is le 'Líostáil mé le sergeant ag dul Sráid an Bhaile Mhóir' a chuirtear tús leis an amhrán 'Contae Mhaigh Eo'.

Mar a chéile, mar shampla, i gcás 'comhairle dlí' in áit 'comhairle dhlí', is é sin, is féidir go mbraithfeadh duine le 'comhairle dhlí' go raibh dlí ar leith i gceist. Féach nach ngabhann an t-alt roimh 'feidhm' in 'feidhm dlí' mar aistriúchán ar *the force of law* – m.sh. 'beidh feidhm dlí ag na socruithe', *the arrangements shall ... have the force of law* (alt 826(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna ionadú le halt 35(1)(a) den Acht Airgeadais, 2007), agus 'agus dá dtugtar feidhm dlí leis seo', *which are hereby given the force of law* (alt 2 den Acht um Bun-reacht Shaorstáit Éireann, 1922). Féach, ar an lámh eile, go séimhítear 'dlíthe' nuair is 'dlíthe áirithe' atá i gceist (d'ainneoin gur ainmfhocal cáilithe sa ghinideach atá ann agus é le díshéimhiú de réir an Chaighdeáin Oifigiúil), in 'Feidhm dhlíthe áirithe de chuid an Stáit', *Application of certain laws of the State* (teideal taoibhe alt 3 den Acht um an Scairbh Ilchríochach, 1968). Tabhair do d'aire, chomh maith, gur 'feidhm dhlíthiúil' atá ar *legal force* ('ní bheidh feidhm dhlíthiúil ag comhaontú chun dlínse a thabhairt ach amháin má rinneadh é tar éis don díospóid tarlú', *an agreement conferring jurisdiction shall have legal force only if it is entered into after the dispute has arisen* [Airteagal 17 den Choinbhinsiún sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998]). Is 'feidhm dlí' a fhaightear sna fasaigh sa reachtaíocht ón Acht tosaigh ón mbliain 1922 i leith (le heisceacht amháin – 'Scurfidh an provisó ghabhann le halt a ceathair den *Merchant Shipping Act*, 1906, maraon le haon Orduithe i gComhairle, fén gcéanna, ag á bhfuil feidhm dhlí i Saorstát Éireann scuirfid an chéad lá d'Eanáir, naoi gcéad déag a ceathair triochad, de bhaint do bheith acu le galtáin phaisnéara fén gConvensiún um Shábháltacht a théigheann ar thurusanna eadarnáisiúnta', *The proviso to section four of the Merchant Shipping Act, 1906, and any Orders in Council thereunder which have the force of law in Saorstát Éireann shall, on the first day of January, nineteen hundred and thirty-four, cease to apply to Safety Convention passenger steamers plying on international voyages* (alt 21(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Convensiún um Shábháltacht agus um Ualach-Líne), 1933).

Mar fhocal scoir anseo, féach 'obair dhlí' in 'Printísigh aturnaetha, cléirigh aturnaetha agus daoine eile atá fostaithe ar obair dhlí in oifigí aturnaetha', *Solicitors' apprentices, solicitors' clerks and other persons employed on work of a legal character in solicitors' offices* (Cuid I den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na nGiúiréithe, 1976).

Inscne

Bun-idirdhealú sa teanga is ea an t-idirdhealú sin idir ainmfhocal cinnte agus ainmfhocal éiginnte. Agus bun-idirdhealú eile atá sa teanga ná ainmfhocal a bheith firinscneach nó baininscneach. Ach ainmfhocal a bheith faoi shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail uatha tá baininscne an fhocail tosaigh sin á dearbhú; mar a chéile, nuair a bhíonn focal gan séimhiú sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocail eile tá firinscne an fhocail tosaigh á dearbhú. Bhainfeadh inscne an fhocail tosaigh sin le hábhar agus é in úsáid i gcomhthéacsanna eile, chomh maith, agus cuidíonn an córas trína ndearbhaítear a inscne le gnás na teanga. Leis an deacracht a bhíonn ag lucht foghlama na Gaeilge mar dhara teanga le hinscne ainmfhocal á cur san áireamh, níl sé le moladh go mbainfí taca den chóras trína ndearbhaítear inscne ainmfhocal. Agus tugtar tús áite do ‘inscne ainmfhocal mícheart’ i liosta laigí a bhain le Gaeilge chainteoirí dúchais a chuir Éamonn Ó Dónaill faoi agallamh agus cúrsaí Gaeilge á bhforbairt aige do mhic léinn in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, i ndeireadh na haoise seo caite.³⁵

Dar le taighde a rinne Tomás Ó Domhnalláin agus Dónall Ó Baoill, i ndeireadh na seachtóidí den chéad seo caite, ar earráidí in aistí Gaeilge na hArdteistiméireachta, 1975,³⁶ ‘gurb é an Tuiseal Ginideach, Uimhir Uatha, is mó a mbíonn deacracht ag foghlaimeoirí lena láimhseáil’.³⁷ Léirítear sa taighde sin, chomh maith, ‘go bhfuil úsáid an tséimhithe ar lorg ainmfhocal baininscneach imithe ó smacht ar na foghlaimeoirí’.³⁸

In alt Béarla le Dónall Ó Baoill atá bunaithe ar an taighde céanna sin sna 1970aí, deir sé:

The process of ... lenition ... in the Verbs has few errors although its overall usage is quite high 34%. In the Nouns the overall usage is not so great (17%) but the overall error is 44%.³⁹

Sa mhiondealú a dhéanann sé ar na hearráidí sa ghinideach uatha tugann sé na

³⁵ Féach Éamonn Ó Dónaill, “‘Tá sé suas duit féin’: Impleachtaí Mheath na Gaeilge do Mhúineadh na Teanga’, in Liam Mac Mathúna, Ciarán Mac Murchaidh agus Máirín Nic Eoin, eag. *Teanga, Pobal agus Réigiún: Aistí ar Chultúr na Gaeltachta Inniu* (BÁC 2000), lch 99 – is iad an dá shampla a thugann sé ná ‘an *abhar’ agus ‘i rith *na hama’. An dara laige a bhain le Gaeilge na gcainteoirí dúchais sin ná ‘an ginideach fágtha ar lár’ (*op. cit.*, lch 99 – an sampla a thugann sé sa chás sin ná ‘cuid mhór *airgead’). Agus is í an tríú laige a thugann sé ná ‘séimhiú fágtha ar lár tar éis réamhfhocal’, le ‘do muintir na háite’ mar shampla aige den laige sin.

³⁶ In aistí a bhí scríofa ag foghlaimeoirí na Gaeilge den chuid ba mhó.

³⁷ Tomás Ó Domhnalláin agus Dónall Ó Baoill, *Earráidí Scríofa Gaeilge*, Cuid II, *Ainmfhocail, cáilitheoirí, forainmneacha, cónaisc agus míreanna* (BÁC 1979), lch 117.

³⁸ Tomás Ó Domhnalláin agus Dónall Ó Baoill, *op. cit.*, lch 118.

³⁹ Dónall P. Ó Baoill, *Error tendencies in learners’ of Irish*, in *Papers in Linguistics – International Journal of Human Communication*, Iml. 12, Uimh. 3-4, 1979, lch 424.

figiúirí seo a leanas i dtaca leis an séimhiú ar lorg ainmfhocail:

Overall usage within Genitive Singular: 28%

Errors in Usage: 84%⁴⁰

Léirítear ó na botúin a ndearnadh staidéar orthu nár tuigeadh próiseas an tséimhithe ná an urraithe, dar le Dónall Ó Baoill.⁴¹ Toisc é a bheith deacair ar fhoghlaimoirí a thuiscint cén fáth go bhfuil orthu na claochluithe tosaigh a úsáid bíonn claonadh acu lena seachaint.⁴² Agus níl aon dabht ná go mbeadh claonadh ag daoine leis an nginideach den ainm briathartha a sheachaint de dheasca na rialacha nua sa Chaighdeán Athbhreithnithe, fiú nuair nach mbeadh an séimhiú i gceist – is é sin, go dtosófaí ag glacadh leis nach bhfuil de bhrí le ‘caisleán cosanta’ ach ‘caisleán atá / a bhí / a bheidh cosanta’.⁴³

An ginideach iolra

Má mhaítear feidhm (is é sin, feidhm idirdhealaitheach) a bheith ag díséimhiú an ghinidigh den ainm briathartha, is amhlaidh nach gcuirtear aon chúis chun cinn le hathrú mór eile a dhéantar sa Chaighdeán Athbhreithnithe ar riail séimhithe an ainmfhocail éiginnte sa Chaighdeán Oifigiúil, is é sin, an séimhiú a bhaint den ainmfhocal sa ghinideach iolra i gcónaí, seachas gan é a bhaint ach den ainmfhocal sa ghinideach nuair atá sé faoi réir ag cnuasainm baininscneach uatha. Arís, mar a léiríonn leithéidí ‘tine chnámh’, ‘aithne shúl’ agus ‘céir bheach’, níl an riail nua sin ag teacht le gnás na Gaeilge i gcoitinne. Ná níl sí ag teacht le gnás na reachtaíochta, ach oiread, mar a léiríonn leithéidí ‘an tSeirbhís Chúirteanna’ agus ‘oifig chúirteanna chomhcheangailte’, le dhá théarma a bhaineann leis na cúirteanna a lua. Agus, faoi mar a chonaiceamar i gCaibidil 9, tá an dá théarma airgeadais ‘cáin ghnóchan caipitiúil’ agus ‘cáin fháltas caipitiúil’ chomh bunaithe sin sa reachtaíocht anois go bhfaightear iad san Acht Airgeadais, 2013,⁴⁴ ar Acht é a achtaíodh ó foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe, d’ainneoin nach bhfuil

⁴⁰ *Ibid.*, lch 426 – i gcomórtas leis sin tugann sé na figiúirí seo a leanas don séimhiú i ndiaidh an ailt: úsáid – 56%; botúin: 56%. Ba lú fós líon na mbotún i ndiaidh forainmneacha sealbhacha: úsáid – 16%; botúin – 29%.

⁴¹ *Ibid.*, lch 429 – i dtaca leis na deacrachtaí a bhí ag na foghlaimoirí leis na claochluithe tosaigh i gcoitinne, deir Dónall Ó Baoill: *their non-occurrence in English may also be an influencing factor (ibid., lch 435).*

⁴² *Ibid.*, lch 435: *Learners of Irish in general find it hard to understand why they must use these initial mutations and hence tend to avoid them.*

⁴³ Féach a ndeir Stephen Pinker in *The Language Instinct* (1994, lch 374), chomh maith: ... *once introduced, a prescriptive rule is very hard to eradicate, no matter how ridiculous* (cf. Fionntán de Brún, ‘An Caighdeán, an Chumhacht agus an Scríbhneoir Cruthaitheach’, *Taighde agus Teagasc*, Iml. 1, Béal Feirste 2001, lch 1-10).

⁴⁴ Tá ‘Cáin Ghnóchan Caipitiúil’ mar cheannteideal ar Chuid 1 den Acht Airgeadais, 2013, mar shampla, agus tá ‘Cáin Fháltas Caipitiúil’ mar cheannteideal ar Chuid 5 den Acht céanna sin, mar a chonaiceamar sa chaibidil thuasluaite.

siad ag teacht le riail nua sin an Chaighdeáin Athbheithnithe.⁴⁵

An ginideach ar lorg an ainmfhocail fhirinscnigh iolra

Chonaiceamar i gcaibidlí éagsúla i gCuid II den staidéar an tslí go bhfuil curtha sa Chaighdeán Athbheithnithe le castacht chás an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte tríd an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol a chur san áireamh i nach mór gach ceann de na cásanna nó na haicmí sa Chaighdeán Oifigiúil ina leagtar síos nach gnách séimhiú a chur ar an ainmfhocal ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha. Agus tá curtha sa Chaighdeán Athbheithnithe le líon na gcásanna nó na n-aicmí sin a raibh sé luaite sa Chaighdeán Oifigiúil nach gnách séimhiú a chur ar an ainmfhocal ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, agus tá an t-ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol curtha san áireamh sna cásanna nó sna haicmí nua sin, chomh maith. Arís, mar a chonaiceamar sna caibidlí éagsúla sin i gCuid II thuas, níl leathnú sin an díséimhithe go dtí an t-ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol ag teacht le gnás na reachtaíochta a aistríodh faoi réir an Chaighdeáin Oifigiúil sa leathchéad bliain, agus os a chionn, ó 1958 i leith. Ar na samplaí aithnidiúla den ghinideach iolra arna shéimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol a tugadh ar aird i gCaibidil 9 thuas tá ‘oifigigh chustam’ agus ‘leabhair chuntas’.

Is é sin thuas comhthéacs dhíséimhiú an ainm bhriathartha ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra sa Chaighdeán Athbheithnithe. Mar a chonaiceamar i gCaibidil 6, ar na samplaí de riail an tséimhithe ar ainmfhocal éiginnte sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal iolra dar críoch consan caol a tugadh i gCaighdeán Oifigiúil 1958 bhí ‘innill bhainte’, ar foirm í a bhí le fáil in Acht ón mbliain roimhe sin.⁴⁶ Ar shamplaí eile as na hAchtanna d’ainmneacha briathartha arna séimhiú sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocal iolra dar críoch consan caol a thugtar ar aird sa Caibidil sin 6 thuas tá ‘leabhair thagartha’ (atá ar aon dul le ‘uimhir thagartha’ thuasluaite ó thaobh an tséimhithe de), ‘ionaid chónaithe’ agus ‘limistéir chónaithe’, ‘liúntais chothaithe’ agus ‘cláir mhaoinithe’. Arís, tá an séimhiú sin chomh bunaithe sin sna hAchtanna go bhfaighimid ‘seirbhísí d’othair chónaithe’ san Acht um Chosaint na Beatha le linn Toirchis, 2013,⁴⁷ ar Acht é a aistríodh ó foilsíodh an Chaighdeán Athbheithnithe.

Agus is amhlaidh go gcuirtear riail nua sin an díséimhithe san áireamh sa Chaighdeán Athbheithnithe fiú nuair a ghabhann cuspóir leis an ainm briathartha sa ghinideach – athraítear sampla an Chaighdeáin Oifigiúil, ‘fir bhualte an arbhair’,

⁴⁵ Ná níl siad ag teacht leis an riail sa Chaighdeán Oifigiúil féin a bhaineann leis an easpa séimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach lena ngabhann aidiacht.

⁴⁶ San Acht d’Fhorchur Dleacht (Orduithe a Dhaingniú), 1957.

⁴⁷ *in-patient services* (alt 3(1)(a) den Acht).

gona shéimhiú, go ‘innill buailte an arbhair’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe. Ar ndóigh, níl aon bhaol ann go measfaí gur aidiacht bhriathartha a bhí sa ghinideach sin den ainm briathartha, go háirithe agus an cuspóir sin ag gabháil leis.

An ginideach ar lorg an ghinidigh uathu

Mar a chonaiceamar i dtús na caibidle seo, áiríodh sampla den séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach ar na samplaí a tugadh mar léiriú ar riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte in *Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* (1953), is é sin, ‘d’uireasa caighdeáin ghramadaí’. Ós rud é, áfach, nár tagraíodh go sonrath sa Chaighdeán Oifigiúil, i riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach, don ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach, murab ionann agus an t-ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail iolra dár críoch consan caol, agus nár tugadh aon sampla dá leithéid i measc na samplaí a tugadh mar léiriú ar riail sin an tséimhithe, bhí malairt tuairimí agus éiginnteacht ann faoi cé acu an raibh an t-ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach le séimhiú nó nach raibh. Mar a tharlaíonn, is amhlaidh go bhfaightear sampla den séimhiú ar ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach sa nóta a fhaightear i dtús an Fhoclóirín a ghabhann leis an gCaighdeán Oifigiúil, sa chuid deiridh den leabhar, is é sin, ‘Ní gnáth foirmeacha infhillte comhfhocal a thabhairt má tá siad ag comhtheacht le foirmeacha an fhocail bhunaidh’.⁴⁸ Bhain Coiste Stiúrtha an Athbhreithnithe ar an gCaighdeán Oifigiúil, 2010-11, leas as an sampla sin agus an séimhiú ar lorg an ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach á chur san áireamh i riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011).⁴⁹ Faoi mar a chonaiceamar i gCaibidil 13, faightear samplaí san aon Acht amháin, nó san Ionstraim Reachtuil amháin, de na haonaid ainmfhoclacha chéanna ach an t-ainmfhocal sa ghinideach a bheith faoi réir ag ainmfhocal firinscneach dar críoch consan caol sa ghinideach uatha i gcás amháin agus faoi réir ag ainmfhocal firinscneach iolra dar críoch consan caol sa chás eile, agus is ceart gur mar a chéile a rachadh an consan caol sin i gcion ar an ainmfhocal sa ghinideach ar a lorg sa dá chás.

⁴⁸ Táim faoi chomaoin ag Brian Ó Catháin, Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, as an sampla sin den séimhiú sin a chur ar mo shúile dom – thug an Dr Ó Catháin léacht ar cheist sin an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghinideach ag comhdháil teangeolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad ar an 27 Aibreán 2002.

⁴⁹ Féach Foscríbhinn 5 thíos. Agus ag cuimhneamh don Choiste sin ar réimsí scríofa na Gaeilge lasmuigh de réimse na reachtaíochta, cuireadh an séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha dar críoch consan caol sa ghairmeach uatha san áireamh sa riail chéanna sin, agus tugadh ‘a aingil choimhdeachta’ mar shampla den séimhiú sa chás sin.

Leasuithe inmholta

Sa líon mór leasuithe a rinne an Bráthair Liam Ó hAnluain agus Niall Ó Dónaill in eagrán 1999 de *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* ar riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach in eagrán 1960 den Ghraiméar sin léirítear cur chuige cáiriseach, le hurraim do riail 1960 agus dár scríobhadh sa dá scór bliain nuair a bhí rialacha Ghraiméar sin 1960 ar na treoracha a bhí ag scríbhneoirí, mar aon le hurraim do scríobh agus do labhairt na Gaeilge araon tráth leasaithe an Ghraiméir.⁵⁰ Cur chuige a bhí chomh cáiriseach céanna a ghlac Coiste Stiúrtha an Athbhreithnithe ar an gCaighdeán Oifigiúil chucu féin i gcás riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011).⁵¹ Fad a bhaineann leis an riail do scríobh na Gaeilge i réimse na reachtaíochta de, is cinnte gur cur chuige den tsamhail chéanna is ceart a ghlacadh in athbhreithnithe ar an gCaighdeán Oifigiúil, agus go dtabharfaí urraim don chorpas breá aistriúchán ar Achtanna an Oireachtais agus Ionstraimí Reachtúla a rinneadh faoi threoir an Chaighdeáin Oifigiúil le breis is leathchéad bliain anuas.

I gcomhréir leis an taighde atá curtha i láthair sa staidéar seo, b'inmholta go ndéanfaí na príomhleasuithe seo a leanas⁵² ar riail an Chaighdeáin Oifigiúil a áireamh i riail leasaithe maidir leis an séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach sa chéad Chaighdeán Oifigiúil eile fad a bhainfeadh le scríobh na Gaeilge i réimse na reachtaíochta de:⁵³

-
- ⁵⁰ Rianaítear na leasuithe sin ina gceann agus ina gceann sna fonótaí a ghabhann le riail 1960 i bhFoscscríbhinn 2 a ghabhann leis an staidéar seo; tugtar leagan leasaithe 1999 i bhFoscscríbhinn 3.
- ⁵¹ Féach Foscscríbhinn 5 leis seo thíos – faoi mar a cuireadh in iúl roimhe seo sa staidéar, chaith baill an Choiste thuasluaite níos mó ama ag plé leis na leasuithe ar an riail seo ná mar a chaith siad le haon leasuithe eile.
- ⁵² Ní áirítear anseo leasuithe nach mbaineann le réimsí an taighde atá curtha i láthair sna caibidlí thuas, ná mionleasuithe ar nós an t-ainmfhocal éiginnte nó an t-ainm briathartha a shéimhiú ar lorg ‘faochain’ agus ‘lachain’, is é sin, uimhir iolra na n-ainmfhocal baininsneach ‘faocha’ agus ‘lacha’, atá sa Chúigiú Díochlaonadh. Ó thaobh leasuithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe ar riail an Chaighdeáin Oifigiúil ní dhírítear sna leasuithe a thugtar anseo ach ar na leasuithe sa Chaighdeán nua sin a ndearnadh mionanailís orthu sna caibidlí roimhe seo den staidéar seo, mar atá, (a) díséimhiú an ainm bhriathartha, (b) an easpa séimhithe ar an ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha a áirítear sa Chaighdeán Oifigiúil a leathnú go dtí an ginideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol, agus (c) díséimhiú an ghinidigh iolra; is sa chomhthéacs sin a díriodh sa staidéar ar leasuithe áirithe eile ar riail an tséimhithe a rinneadh sa Chaighdeán Athbhreithnithe, agus níor féachadh le mionanailís a dhéanamh ar na cásanna go léir den díséimhiú atá sa Chaighdeán sin ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha.
- ⁵³ Féach an chuid deiridh d’Fhoscscríbhinn 9 i dtaca le leaganacha den riail leasaithe a d’fhéadfadh a bheith ann do réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta – tráchtar san Fhoscscríbhinn sin, chomh maith, ar leaganacha de riail an tséimhithe atá le fáil sna leabhair ghramadaí mhórdhíola atá ann faoi láthair.

1. An t-ainm briathartha a áireamh go sonrath sa riail féin, agus tuilleadh samplaí den ainm briathartha sa ghinideach a chur leis na samplaí den ghinideach séimhithe a thugtar inti chun ionad an ainm bhriathartha sa riail a dhaingniú.
2. An séimhiú ar an ainmfhocal agus ar an ainm briathartha ar lorg an ghinidigh (agus an ghairmigh) uatha fhirinscnigh dar críoch consan caol a áireamh sa riail, i dteannta an tséimhithe ar lorg an ainmnigh iolra fhirinscnigh dar críoch consan caol, agus samplaí dá réir a thabhairt.
3. Samplaí den séimhiú ar an nginideach iolra a thabhairt, chomh maith, chun a dhearbhu go bhfuil an easpa séimhithe ar an nginideach sin teoranta don ghinideach i ndiaidh cnuasainm.
4. An easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh a áireamh leis an easpa séimhithe ar ‘d-’, ‘t-’ agus ‘s-’ i ndiaidh ‘-d’, ‘-n’, ‘-t’, ‘-l’, ‘-s’, agus feidhm a bheith aige sin maidir leis an ainmfhocal agus leis an ainm briathartha ar lorg an ainmnigh iolra fhirinscnigh agus an ghinidigh uatha fhirinscnigh dar críoch consan caol, chomh maith leis an ainmfhocal agus leis an ainm briathartha ar lorg an ainmnigh uatha bhaininscnigh.

Ba ghá an tslí a bhfuil riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach leagtha amach sa Chaighdeán Oifigiúil a leasú go hiomlán chun na leasuithe sin thuas, gan trácht ar leasuithe eile a dhéanfaí ar an riail, a chur san áireamh agus is cuspóirí eile atá ag an staidéar seo seachas leagan nua eile den riail sin a chur ar fáil.⁵⁴ Ach, ag cloí dúinn le leagan amach agus le samplaí na bunrialach mar atá,⁵⁵ gan an tsraith eisceachtaí a ghabhann léi a chur san áireamh, d’fhágfadh na leasuithe sin thuas go ndéanfaí bunriail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil a leasú de réir mar atá aibhsithe ar an gcéad leathanach eile (déantar na samplaí nua atá curtha isteach anseo, ar samplaí iad a bhaineann go díreach leis na leasuithe sin thuas agus ar tugadh a bhformhór, gona bhfoinsí,⁵⁶ i gcaitheamh an staidéir,

⁵⁴ Tugtar sé leagan éagsúla den riail i bhFoscúibhinní 1-6 díreach i ndiaidh na caibidle seo – faoi mar a cuireadh in iúl roimhe seo, bhíos-sa i mo bhall den Choiste a dhréachtaigh an leagan den riail a thugtar i bhFoscúibhinn 5.

⁵⁵ Ar son na héascaíochta, seo thíos bunriail an Chaighdeáin Oifigiúil, gona nóta bunleathanaigh dá dtagairt an réiltín (tugtar an riail iomlán, gona heisceachtaí – a leanann an bhunriail a thugtar anseo – i bhFoscúibhinn 1 ar lch 389-90):

Má bhíonn ainmfhocal (nach ainm dílis) sa ghinideach ag brath ar ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, is iondúil go gcuirtear séimhiú air, e.g., *cathaoir shúgáin*, *súil ghloine*, *cloch mhíne*, *deoir bhainne*, *pusaíl ghoil*, *bean chabhartha*, *cráin mhúice*, *aimsir bháistí*, *cumainn chrábhaidh*, *ábhair chulaithe*, *innill bhainte*, ach ní gnáth séimhiú ar *d*, *t*, *s* i ndiaidh *d*, *n*, *t*, *l*, *s*,* ná sna cásanna seo–

* e.g., *saighead draíochta*, *báid seoil*, *téad tíre*, *bean tí*, *cúirt dúiche*, *slat tiomána*, *capaill tincéara*.

⁵⁶ Gabhann fonóta anseo thíos le samplaí nár tugadh (gona bhfoinsí) i gcaitheamh an staidéir.

a aibhsiú, chomh maith):

Má bhíonn ainmfhocal (nach ainm dílis) nó ainm briathartha sa ghinideach ag brath ar⁵⁷ ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocal frinsneach⁵⁸ iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, nó ar ghinideach nó gairmeach frinsneach uatha a chríochnaíonn ar chonsan caol, is iondúil go gcuirtear séimhiú air, e.g., *cathaoir shúgáin, súil ghloine, cloch mhine, deoir bhainne, pusaíl ghoil, tine chnámb, mil bheach, bean chabhartha*,⁵⁹ *uimhir thagartha, scoil chónaithe, cúirt ghearrtha pianbhreithe, cráin mhuice, aimsir bháistí, Bord Iascaigh Mhara, d’uireasa caighdeáin ghramadaí, cumainn chrábhaidh, ábhair chulaithe, leabhair chuntas, leabhair thagartha, limistéir chónaithe, innill bhainte móna, sárú gealltanais phósta, a fhir choscartha gach catha*, ach ní gnáth⁶⁰ séimhiú ar *d, t, s* i ndiaidh *d, n, t, l, s,** ná ar *f* tosaigh,[†] ná sna cásanna seo– ...⁶¹

* e.g., *saighead draíochta, báid seoil, téad tíre, bean tí, cúirt dúiche, slat tiomána, cúis daortha*,⁶² *capaill tincéara, caora an chrainn draíochta*.⁶³

† e.g., *bean feasa, deoir fola, gloine fíona, scéim forbartha, íocaíocht foirceanta*,⁶⁴ *baill foirne, turais farraige, caighdeáin foirgnithe tithe*.

⁵⁷ Tabhair do d’aire gur ‘atá faoi réir ag’ atá in *Gráiméar Gailge na mBráithre Críostaí*; faightear ‘ar lorg’ agus ‘i ndiaidh’ sa chomhthéacs seo, chomh maith – tá de bhuntáiste acu i riail le breis agus clásal amháin inti nach bhfuil réamhfhocal á leanúint.

⁵⁸ D’fhéadfaí tagairt a dhéanamh do ‘faochain’ agus ‘lachain’ i bhfonóta.

⁵⁹ Faoi mar a dúramar sa chaibidil dheireanach (lch 365 ar lean.), is sampla den ghinideach séimhithe den ainm briathartha atá in ‘bean chabhartha’, ach is ginideach ainm briathartha malartach an bhriathair ‘cabhraigh’ atá in ‘cabhartha’ agus is minice go mór is go fada ‘cabhrú’, gona ghinideach ‘cabhraithe’, á scríobh ná ‘cabhradh’ gona ghinideach ‘cabhartha’. Tugaim samplaí eile den ainm briathartha faoi shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha díreach ina dhiaidh seo thuas, maille le sampla ina ngabhann cuspóir leis an ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha, ach bhogfaí na ceithre shampla sin agus thabharfaí iad i ndiaidh an tsampla deiridh thuas den ainmfhocal faoi shéimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininsnigh uatha (‘aimsir bháistí’) dá mbeadh an riail á leagan amach as an nua, le go mbeadh na samplaí sin den ainmfhocal sa ghinideach díreach i ndiaidh a chéile.

⁶⁰ Chuirfí ‘ní gnách’ (< ‘ní gnáthach’) in ionad ‘ní gnáth’ i leagan nua ar fad den riail sin.

⁶¹ Is é an tsraith eisceachtaí a áirítear anseo sa Chaighdeán Oifigiúil – féach Foscríbhinn 1, lch 389.

⁶² Tugtar ‘cúis daortha’ le sampla den ghinideach den ainm briathartha a áireamh anseo – i dtaca leis an téarma sin, féach ‘Dúirt Píoláit ... leo: “Ní fhaighim aon chúis daortha ann”’ (*Eoin* 18:38, *An Bíobla Naofa*).

⁶³ Tugann Micheál Ó Murchú (*op. cit.*, lch 156) an sampla sin den easpa séimhithe ar lorg ginidigh uatha fhirinsnigh dar críoch consan caol as Pádraig Mac Con Midhe, *Seanchas Sua* (Cló Oirghialla, Muineachán, 1982 [1976]), lch 34.

⁶⁴ Féach, mar shampla, ‘teideal chun liúntas foirceanta agus íocaíocht foirceanta a fháil’, *entitlement to and payment of a termination allowance* (alt 5(2)(c) den Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú), 1992) – féach Caibidil 16, lch 326 ar lean., i dtaca le ‘forbartha’ agus ‘foirgnithe’ thuas.

Foscúibhinn 1

Riail séimhithe an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocail eile in *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil*¹

Séimhítear túschonsan ainmfhocail ...

6. I ndiaidh Ainmfhocail eile–

(I) Má bhíonn ainmfhocail (nach ainm dílis) sa ghinideach ag brath ar ainmfhocail baininscneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocail iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, is iondúil go gcuirtear séimhiú air, e.g., *cathaoir shúgáin, súil ghloine, cloch mhine, deoir bhainne, púsáil ghoil, bean chabhartha, cráin mhuiice, aimsir bháistí, cumainn chrábhaidh, ábhair chulaithe, innill bhainte*, ach ní gnáth séimhiú ar *d, t, s* i ndiaidh *d, n, t, l, s,** ná sna cásanna seo–

- (a) ar lorg ainmfhocail theibí, e.g., *airde fir, breáthacht mná, finne maidine, laige páiste, maise pearsan, uaisleacht meoin*;
- (b) ar lorg ainmfhocail a bhfuil an bhrí *cuid, easpa, iomarca* leis, e.g., *ailp feola, barraíocht plámáis, breis bainne, a chuid cabaireachta, díth céille, easpa tobac, iomarca cainte, roinnt blianta*;
- (c) nuair a ghabhann aidiacht leis an nginideach, e.g., *oíche gaoithe móire, scian coise duibhe*;
- (d) más ginideach comhaisnéise atá ann agus gur daoine atá i gceist, e.g., *bain-treach fir, óinseach mná* (ach séimhiú más ainmhithe nó nithe atá i gceist, e.g., *stail chapail, púróg chloiche*);
- (e) más ball beatha de chuid duine nó ainmhí, nó más páirt de rud, atá i gceist, e.g., *adharc bó, aghaidh mná, cos capaill, lámh cailín, súil buachalla; iall bróige, stiúir báid* (ach séimhiú nuair a insíonn an ginideach ábhar an ruda, e.g., *cos chrainn* (= cos adhmaid, *cos crainn* = bun crainn), *culaith bhréidín, coinneal chéireach, tine ghuail*);
- (f) nuair is ainmní nó gníomhaí an ginideach, e.g., *géimneach bó, gáir caillí, mallacht mná, eascaine baintrí, léim capaill, íde béil, coiscéim coiligh*.



*e.g., *saighead draíochta, báid seoil, téad tíre, bean tí, cúirt dúiche, slat tiomána, capaill tincéara*.

¹ Leantar cóip den Chaighdeán Oifigiúil a foilsíodh sa bhliain 1998 (lgh 82-84) san Fhoscrúibhinn seo – ba í an chóip sin, de na cóipeanna nua-aimseartha, a bhí in aice láimhe.

(g) ar ghinideach iolra i ndiaidh cnuasainm, e.g., *saithe beach*, *scuaine gasúr*, *sealbh caorach*, *táin bó* – ach *clann mhac*.

Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte i ndiaidh ainm bhriathartha a bhfuil réamhfhocal roimhe, e.g., *ag tógáil potaí*, *ag cur prátaí*, *ar thógáil cathrach*, ach i gcorrleagan seanbhunaithe, e.g., *ag fáil bháis*.

Díreach roimh an alt sin thuas, faighimid an t-alt seo a leanas:

5. I ndiaidh Réamhfocail Chomhshuite – ... Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte ach i gcorrabairt sheanbhunaithe, e.g., *tar éis bháis*.

Agus faightear an abairt seo a leanas, idir lúibíní, i ndeireadh na coda den chaibidil dar teideal ‘Séimhiú agus Urú’ a bhaineann leis an séimhiú:²

Ní shéimhítear *sí*, i gcáil aidiachta dó, e.g., *bó sí*, *fir sí*.

² Lch 87.

Foscríbhinn 2

Riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte agus ar an ainm briathartha sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocail eile in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960)¹

SÉIMHIÚ AR AN AINMFHOCAL AGUS AR AN AINM BRIATHARTHA

Séimhítear túschonsan ainmfhocail sna cásanna seo a leanas:–

...

56. Tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm bhriathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile² a thagann go díreach roimhe:³

(a)⁴ nuair is ainmfhocal iolra dar críoch consan caol an chéad ainmfhocal:–

*buidéil bhainne; éisc mhara.*⁵

Eisceacht: Ní shéimhítear *d, s, t* ar lorg *d, l, n, s, t*:– *poill deataigh; báid saighne.*⁶

Tá roinnt eisceachtaí eile ann ar deacair a dtabhairt faoi riail.



- ¹ Lch 24 agus lgh 28-30. Sna fonótaí anseo thíos, a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo, tugtar na leasuithé a rinneadh ar an riail thuas san eagrán nua den Ghraiméar a d'fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1999 – tugtar leagan sin 1999 den riail sa chéad Foscríbhinn eile.
- ² Tugtar an riail seo faoi gceannteideal 'Séimhiú agus Ainmfhocal Éiginnte sa Ghinideach' in eagrán 1999 den Ghraiméar, agus is í abairt tosaigh na rialach, in alt 4.14, ná 'Séimhítear tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile'.
- ³ Fágтар 'a thagann go díreach roimhe' ar lár.
- ⁴ Tugtar mír (a) i bhfoirm ailt ar leith (alt 4.15) ina leanann 'nuair is ainmfhocal iolra dar críoch consan caol an chéad ainmfhocal' díreach i ndiaidh 'Séimhítear tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile'.
- ⁵ Cuirtear 'faochain chapail' (ainmfhocal baininsneach den Chúigiú Díochlaonadh atá in 'faocha') le 'buidéil bhainne' agus 'éisc mhara' (i.e., samplaí den séimhiú i ndiaidh ainmfhocail den Chéad Díochlaonadh arna chaolú san iolra); ina theannta sin, áirítear an séimhiú ar an ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal frinsneach uatha den Chéad Díochlaonadh, arna chaolú sa ghinideach, leis an séimhiú ar an ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal iolra: 'nó nuair a chaolaítear san uatha consan deiridh an chéad ainmfhocail trí infhilleadh: *'toirtín aráin choirce; sárú gealltanais phósta.'* Ina dhiaidh sin, i mír i gcló níos lú, tagraítear don séimhiú i ndiaidh ainmfhocail dar críoch guta sa ghinideach uatha: 'I bpáirt den Ghaeltacht séimhítear ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal eile, i bhfrása seanbhunaithe, d'ainneoin nach gcaolaítear an chéad ainmfhocal san infhilleadh: *gloine, (braon, deochanna) uisce bheatha* (ar nós *mac Giolla Bhríde*). Ach ní athraíonn seo substaint na rialach.'
- ⁶ Ní áirítear an abairt sin, ná an ceann a leanann í ach chomh beag.

(b)⁷ nuair is ainmfhocal baininsneach uatha (nach ginideach) an chéad ainmfhocal.

Samplaí aicmithe den riail:⁸

- (i) ar lorg focal a léiríonn cainníocht:– *cloch phrátaí; glac thairní; trí spleaideog chéille.*
- (ii) an ginideach ina ainm briathartha:– *cloch cheangail; léim sheachanta; bean chaointe.*
- (iii) an ginideach ina ghinideach comhaisnéise neamhphearsanta:–⁹ *púróg chloiche; stail chapail.*¹⁰
- (iv) an ginideach ina ainmfhocal ábhair:– *súil ghloine; tine mhóna.*¹¹

Samplaí éagsúla eile: *aimsir bháistí; an ghaoth Mhárta; bliain bhisigh; maidin fhómhair; maighdean mhara; oíche sheaca; teanga dhúchais; éist, a bhean chroí; srl.*¹²

Eisceachtaí: Ní gnách séimhiú¹³

- 1. ar *d, s, t* ar lorg *d, l, n, s, t* ach i gcorrleagan:–¹⁴ *bean siúil; cos tosaigh;*¹⁵ *tonn tuile; min seagail; slat tiomána (tomhais);*¹⁶ ach *maidin shambraidh (sheaca).*¹⁷

⁷ Faoi mar a chonaiceamar thuas i gcás mhír (a), is mar alt ar leith, chomh maith (alt 4.15 sa chás seo), a chuirtear an t-ábhar seo i láthair, leis an abairt a ghabhann roimh mhír (a) thuas tugtha in athuair – is é sin, in áit na litreach (b) thuas faightear ‘Séimhítear tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile’.

⁸ Fágtar an abairt sin ar lár agus cuirtear ‘nuair atá’ isteach roimh gach ceann de na habairtí sin (ii) – (iv) a leanann í thuas.

⁹ Faightear ‘i gcás ainmhí nó ruda’ in áit ‘neamhphearsanta’.

¹⁰ Cuirtear ‘cráin mhuc’ leis an dá shampla sin, agus áirítear ‘óinseach mná’ agus ‘bain-treach fir’ mar eisceachtaí ón riail.

¹¹ Cuirtear ‘coinneal chéarach’ leis an dá shampla sin, agus cuirtear mír eile fós leis na ceithre mhír sin thuas, mar atá: ‘i ndiaidh *beirt, dís: beirt bhuachaillí; dís bhan*’.

¹² Fágtar na ‘Samplaí éagsúla eile’ sin ar lár.

¹³ Fágtar an focal ‘Eisceachtaí’ ar lár agus tugtar abairt iomlán in áit ‘Ní gnách séimhiú’, mar atá: ‘4.16 Ainneoin a bhfuil ráite in 4.14 (*recte* 4.15), ní gnách séimhiú ar ghinideach ainmfhocail éiginnte nó ainm bhriathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile sna cásanna seo; ní uimhrítear na míreanna ina dtugtar samplaí éagsúla den easpa séimhithe sin – gabhann ponc roimh gach ceann ar leith acu.

¹⁴ Faightear ‘ach i gcorrchás’ in áit ‘ach i gcorrleagan’.

¹⁵ Faightear ‘cos deiridh’ in áit ‘cos tosaigh’.

¹⁶ Fágtar ‘slat tomhais’ ar lár agus cuirtear ‘beirt sagart’ leis na samplaí.

¹⁷ Cuirtear díséimhiú ‘f’ tosaigh, mar aon le samplaí den díséimhiú sin, san áireamh sa chéad mhír sin thuas – féach Foscárbhinn 3.



2. ar lorg ainm theibí mura dtagann an ginideach faoi theideal (ii) nó (iii) thuas:–¹⁸ *aois gadhair; airde fir; intleacht mná*;¹⁹ ach (ii)²⁰ *cúis gháire (ghearáin; mbagaidh)*, (iii)²¹ *cabaireacht chainte*.
3. ar lorg ainmfhocail²² a chiallaíonn cuid, easpa, iomarca:– *barraíocht ban*;²³ *breis bainne; mo chuid cainte; an iomarca moille; easpa taithí; roinnt bagúin*.
4. ar lorg focal a chiallaíonn ball beatha duine nó ainmhí²⁴ nó páirt de rud:– *lámh duine; adharc bó; guala sléibhe*.²⁵
5. ar lorg focail atá ina chuid de réamhfocal comhshuite ach i gcorrleagan seanbhunaithe:– *i láthair breithimb; i ndiaidh béile*; ach *tar éis bháis*.²⁶
6. ar lorg ainm bhriathartha a bhfuil réamhfocal roimhe:– *ag tógáil potaí; a iarraidh combhairle; ar chosaint cathracha*; ach *ag fáil bháis* (leagan seanbhunaithe).²⁷
7. ar lorg cnuasainm más san iolra atá an ginideach:– *saithe beach*;²⁸ *buíon fear*; ach *buíon cheoil*²⁹ (*chosanta*).

¹⁸ Cuirtear ‘nuair nach ginideach ainm bhriathartha nó ginideach comhaisnéise a bheadh i gceist’ in ionad ‘mura dtagann an ginideach faoi theideal (ii) nó (iii) thuas’.

¹⁹ Cuirtear ‘acmhainn grinn’ leis na samplaí sin.

²⁰ Baintear ‘(ii)’.

²¹ Baintear ‘(iii)’.

²² Faightear ‘ar lorg ainmfhocal’ san eagrán nua.

²³ Fághtar an eiseamláir sin ar lár; cuirtear ‘ailp feola’ isteach i dtús na n-eiseamláirí, agus athraítear ord na n-eiseamláirí eile, chomh maith – féach Foscúibhinn 3.

²⁴ Cuirtear ‘ball de dhuine nó d’ainmhí nó d’éan’ in áit ‘ball beatha duine nó ainmhí’.

²⁵ Cuirtear ‘crúb coiligh’ isteach agus athraítear ‘guala sléibhe’ go ‘gualainn cnoic’; ina theannta sin, cuirtear an t-alt seo a leanas isteach, i gcló níos lú, i ndiaidh an ailt sin thuas: ‘Tá focail mar sin ann a ngabhann séimhiú leo mar nach ndearctar orthu mar bhaill bheatha níos mó ach mar ábhair itheacháin: *sail mhuice; ceathrú chaoireola; leis chirce; fleasc bhradáin*, nó go meafarach: *baineadh fuil mhairt as* (anrud fola).’

²⁶ Fághtar an t-alt seo ar lár, ach tugtar cuid den ábhar in alt 4.13, a thagann díreach roimh leagan 1999 de riail an tséimhithe: ‘Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte ar lorg *dála, fearacht, timpeall, trasna* ná ar lorg na réamhfocal comhshuite ach i gcorrfrása seanbhunaithe: *fearacht daoine breoite; trasna sléibhte; tar éis báistí; le haghaidh páistí*; ach *tar éis bháis*.’

²⁷ Cuirtear ‘ach amháin i leaganacha seanbhunaithe mar *ag fáil bháis (bbisigh)*’ isteach in ionad ‘ach *ag fáil bháis* (leagan seanbhunaithe)’ thuas; ina theannta sin, cuirtear an t-alt seo a leanas isteach, i gcló níos lú, i ndiaidh an ailt sin thuas: ‘Tá eisceachtaí eile ón riail seo le fáil sa teanga thall agus abhus, go háirithe le frásaí atá an-choitianta: *ag cur choirce, ag baint mhóna*, etc., ach arís ní athraíonn siad substaint na rialach’; agus faightear an t-alt nua seo a leanas, mar alt neamhspleách, ag leanúint na rialach thuas maidir leis an ainm briathartha: ‘ar lorg ainmfhocail éiginnte atá ar aon fhoirm le hainm briathartha: *cosaint cúise; fulaingt péine; tiomáint gluaisteáin*.’

²⁸ Cuirtear ‘scaoth cuileog’ isteach ina dhiaidh seo.

²⁹ Cuirtear ‘dís fhear’ agus ‘clann mhac’ isteach roimh ‘buíon cheoil’.

8. más gníomhaí an ginideach:– *seitreach capaill; géimneach bó*.³⁰
9. más ginideach pearsanta comhaisnéise an ginideach:– *óinseach mná; bain-treach fir*.³¹
- Coinnítear an séimhiú corruair:– *beirt chlainne; bean chéile; clann mhac (pháistí)*.³²
10. má chuireann an ginideach³³ in iúl cé leis nó cé lena aghaidh duine nó rud:– *clann feirmeora; máthair clainne*; ³⁴ *bróg mná; culaith fir; scoil cailíní*.³⁵
11. má tá an ginideach á cháiliú:–³⁶ *óiche gaoithe móire; scian coise adhairce; bean baile mhóir*.
12. i roinnt logainmneacha:– *Inis Fraoich; Inis Meáin*.³⁷
13. *an focal sí (= lios)*:– *long sí; an mháthair sí*.³⁸
- Tá roinnt eile eisceachtaí ann ar deacair a dtabhairt faoi riail.³⁹
- Tabhair faoi deara gurb an-annamh ginideach éiginnte pearsanta a bheith séimhithe.

- (c) nuair is gairmeach uatha firinscneach an chéad ainmfhocal:– *a dhuine chroí*.⁴⁰
- Ach ní shéimhítear ginideach comhaisnéise pearsanta go hiondúil:– *a Thiarna Breithimh*.⁴¹

³⁰ Cuirtear ‘coiscéim coiligh’ isteach i ndiaidh an tsampla deiridh sin (ag teacht leis an tagairt d’éin a chuirtear isteach i leagan 1999 d’alt 4 thuas).

³¹ Cuirtear ‘a Thiarna Breithimh’ isteach i ndiaidh an tsampla deiridh sin, ar sampla é a thugtar mar shampla deiridh den riail i nGraiméar 1960.

³² Fágтар an abairt seo ar lár, ach áirítear ‘beirt bhuachaillí’ i dteannta ‘dís bhan’ i mír léi féin (a thugtar thuas i bhfonóta 11).

³³ Faightear ‘ginideach pearsanta’ in áit ‘an ginideach’.

³⁴ Fágтар ‘máthair clainne’ ar lár.

³⁵ Fágтар ‘scoil cailíní’ ar lár.

³⁶ Cuirtear ‘cáilithe’ in ionad ‘á cháiliú’.

³⁷ Fágтар an t-alt seo ar lár, ach áirítear an easpa séimhithe a léirítear in ‘Inis Meáin’ thuas in alt 4.23 de leagan 1999 den Ghraiméar, mar seo a leanas: ‘Ní shéimhítear de ghnáth ... an aidiacht i logainmneacha áirithe ina maireann seanleaganacha siochta: *Inis Meáin; Leitir Móir; Leitir Ceanainn; Béal an Átha Buí; Baile an Tí Móir; muintir an tSratha Báin; Muir Meann*.’

³⁸ Dealraíonn sé nach n-áirítear an riail seo.

³⁹ Dealraíonn sé nach n-áirítear an abairt seo, ná an ceann a thagann ina diaidh thuas, ach oiread.

⁴⁰ Áirítear an riail seo in alt 4.21 de leagan 1999 den Ghraiméar mar a leanas: ‘Séimhítear aidiacht aitreabúideach ar lorg a hainmfhocail go hiondúil ... más firinscneach uatha sa ghinideach nó sa ghairmeach a hainmfhocal: *bás Sheáin Mhóir; bréagán an ghar súin bhig; muintir an tí ósta mhóir; a fhir bhig; a dhuine chroí (chléibh)*.’

⁴¹ Áirítear an sampla sin i leagan 1999 d’eisceacht uimh. 9 thuas.

Iarscríbhinn 1

Riail séimhithe an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach in *New Irish Grammar by the Christian Brothers*⁴²

An indefinite noun in the genitive is aspirated:–

(i) *when it is governed by a plural noun which ends in a slender consonant:–*

buidéil bhainne (*bottles of milk*), éisc mhara (*fish of the sea*), amhráin ghrá (*love-songs*).

Exception:– initial d, s, t is not aspirated after final d, n, l, s, t:–

buidéil draíochta (*magic bottles*), crainn seoil (*masts*).

(ii) *when it is governed by a feminine singular noun which is not in the genitive:–*

aimsir bháistí (*rainy weather*), a bhean chroí (*my dear woman*), an ghaoth Mhárta (*the March wind*), bliain bhisigh (*a leap year*), cloch phrátaí (*a stone of potatoes*), maidin fhómhair (*a morning in Autumn*), oíche gheimhridh (*a winter's night*), maidin shamhraidh, oíche sheaca, buíon cheoil, buíon chosanta (*defence force*), cúis gháire (*reason for laughter*), cúis ghearáin (*cause for complaint*), cúis mhagaidh (*a source of ridicule*), etc.⁴³

The following are some of the exceptions to (ii).

The second noun is not aspirated:–

(i) *when the first noun (feminine singular) denotes excess, part, want:–*

barraíocht cainte (*too much talk*), breis bainne (*extra milk*), easpa codlata (*lack of sleep*), roinnt bagúin (*some bacon*).

(ii) *when the first noun denotes part of a person, animal or thing:–*

lámh duine, adharc bó, ciumhais coille (*edge of a wood*).

(iii) *when the first noun is a verbal noun with ag:–*

ag baint féir, ag baint móna, ag foghlaim snámha.

But, – ag fáil bháis.

It should be noted that the indefinite noun in the genitive is hardly ever aspirated when it denotes persons:– aois páiste (a child's age), airde fir (a man's height),

⁴² Graiméar é seo a ceapadh go sonrach le haghaidh mac léinn Gaeilge. Foilsíodh eagrán de sa bhliain 1976, ach d'fhéadfadh sé gur foilsíodh eagrán nó eagráin eile de roimhe sin. Is é an t-eagrán de a d'fhoilsigh C J Fallon Teoranta sa bhliain 1980 a leantar anseo (lch 15 den eagrán sin) agus is le caoinchead C J Fallon Teoranta a thugtar an riail anseo – chuir siad athchló ar an nGraiméar in Iúil 2011, ar athchló é atá ar díol i gcónaí. Sa Réamhrá le heagrán 1980 gabhann na Bráithre Críostaí buíochas ar leith le Muiris Ó Droighneáin.

⁴³ Tabhair do d'aire anseo nach mbaineann an easpa séimhithe ar *d, s, t* tosaigh ar lorg *d, n, l, s, t* deiridh le 'maidin shamhraidh', agus go n-áirítear an séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh sa ghairmeach uatha in 'a bhean chroí'.

baintreach **fir** (*a widower*), clann **feirmeora** (*a farmer's children*), máthair **clainne** (*mother of a family*), bróg **mná** (*a woman's shoe*), culaith **fir** (*a man's suit*), scoil **cailíní** (*a girls' school*).

Note.— *The following rule is helpful: When a common noun is preceded by a masculine noun, the initial consonant of the common noun is not, as a rule, aspirated unless the final consonant of the preceding noun is made slender by inflexion, e.g. ga tí solais, gloine uisce beatha, bord iascaigh mhara.*

Iarscríbhinn 2

‘Ainmfhocal ginideach éiginnte go díreach ar lorg ainmfhocail a cháilíonn sé’ in Nuachúrsa Gaeilge na mBráithre Críostaí⁴⁴

Nuair atá ainmfhocal ag cáiliú ainmfhocail eile a thagann go díreach roimhe cuirtear an cáilitheoir sa ghinideach:

fód móna *a sod of turf*
an fód móna *the sod of turf*

Infilltear an chéad ainmfhocal de réir na ngnáthrialacha. Ní dhíochlaontar an dara hainmfhocal ach séimhítear é de réir na rialacha seo a leanas:

1. Tagann rialacha 2, 3 agus 4 thíos faoi réir na rialach seo:
Ní shéimhítear **d, s, t** ar lorg **d, l, n, s, t** ach i gcorrleagan.
2. Ainmfhocal firinsneach uatha ar tosach:

Ní shéimhítear an dara hainmfhocal ach amháin nuair a chaolaítear consan deiridh an chéad ainmfhocail trí infhilleadh: **fód móna; máistir damhsa; fear ceoil; meáchan fóid mhóna; a fhir cheoil; a mháistir damhsa; ga tí solais; ceann an chapail tosaigh.**

3. (a) Ainmfhocal baininsneach uatha (san ainmneach) ar tosach agus ginideach gan séimhiú ar a lorg:

Sa chás sin ní shéimhítear an dara hainmfhocal is cuma cad é an tuiséal ina bhfuil an chéad ainmfhocal:

óinseach mná; ceann na hóinsí mná; ag óinseach mná; a óinseach mná.

- (b) Ainmfhocal baininsneach uatha (san ainmneach) ar tosach agus ginideach séimhithe ar a lorg:

Séimhítear an dara hainmfhocal ach amháin nuair atá an chéad cheann sa ghinideach:

an chloch phrátaí; ar chloch phrátaí;
ach ag díol na cloiche prátaí.

⁴⁴ Athchló ar an gcúigiú heagrán, arna fhoilsiú ag M. H. Mac an Ghoill agus a Mhac, Tta (BÁC 1970), lch 142, a leantar don rial anseo – foilsíodh an chéad eagrán i Meán Fómhair 1962.

Nóta:

I gcásanna áirithe séimhítear ainmfhocal ginideach a cháilíonn ainmfhocal bain-insneach san ainmneach uatha. Féach GB 56 (b).

4. Ainmfhocal iolra ar tosach:

Más consan caol is críoch don chéad ainmfhocal san iolra séimhítear an dara hainmfhocal:

na lachain chré; ag na fir dhéirce;
ach costas na lachan cré; a fheara déirce.⁴⁵

Iarscríbhinn 3

Riail séimhithe an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach
in *Graiméar na Gaedhilge leis na Bráithreachaibh Críostamhla* (1901)⁴⁶

When the noun in genitive case has the force of an adjective, it is not preceded by the article, but its initial consonant is subject to precisely the same rules, with regard to aspiration and eclipsis, as if it were a simple adjective, i.e., it is aspirated if the governing noun be nominative or accusative singular feminine, or genitive singular masculine. It is eclipsed if the governing noun be in the genitive plural.

ubh chirce, a hen-egg (an egg of a hen).

uibhe circe, of a hen-egg.

fear ceoil, a musician.

fir cheoil, of a musician.

na bhfear ceoil, of the musicians.

Áiríodh an easpa séimhithe ar fhocail dar tús ‘d’ agus ‘t’ ar lorg focail dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’, mar aon leis an easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh, in alt 21(f), lch 12, den Ghraiméar – féach fonóta 140 i bhFoscscríbhinn 9 thíos, mar a dtagraítear, chomh maith, don Bhráthair Iaróm Mac Giolla Phádraig, a chuir an Graiméar seo i dtoll a chéile.

Agus tugadh suntas sa Ghraiméar (in alt 289, lch 118) don ghinideach den ainm briathartha a bheith ar aon dul leis an aidiacht bhriathartha ar uairibh – féach Caibidil 4, lch 69, thuas.



⁴⁵ Tugtar paraidímí ‘fear siúil’ agus ‘an fear siúil’, ‘an bhean feasa’ agus ‘an bhó bhainne’ ina dhiaidh sin – seo a leanas paraidím ‘fear siúil’ agus ‘an fear siúil’, *op. cit.*, lch 143 (féach Foscscríbhinní 11 agus 12 leis an staidéar i dtaca le ‘bata fir shiúil’):

	Uatha		Iolra
fear siúil	an fear siúil	fir shiúil	na fir shiúil
ag fear siúil	don fhear siúil	ag fir shiúil	do na fir shiúil
bata fir shiúil	chun an fhir shiúil	mná fear siúil	chun na bhfear siúil
a fhir shiúil	a fhir shiúil	a fheara siúil	a fheara siúil

⁴⁶ In alt 476, ar lch 197.

Foscúbhinn 3

‘Séimhiú agus Ainmfhocal Éiginnte sa Ghinideach’ in *Graiméar Gaelige na mBráithre Críostaí* (1999)¹

4.14 Séimhítear tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile nuair is ainmfhocal iolra dar críoch consan caol an chéad ainmfhocal: *buidéil bhainne; éisc mbara; faochain chapail*, nó nuair a chaolaítear san uatha consan deiridh an chéad ainmfhocail trí infhilleadh: *toirtín aráin choirce; sárú gealltanais phósta*.

I bpáirt den Ghaeltacht séimhítear ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal eile, i bhfrása seanbhunaithe, d’ainneoin nach gcaolaítear an chéad ainmfhocal san infhilleadh: *gloine, (braon, deochanna) uisce bheatha* (ar nós *mac Giolla Bhríde*). Ach ní athraíonn seo substaint na rialach.

4.15 Séimhítear tuiseal ginideach ainmfhocail éiginnte nó ainm briathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile nuair is ainmfhocal baininsneach uatha (nach ginideach) an chéad ainmfhocal

- ar lorg focal a léiríonn cainníocht: *cloch phrátaí; glac thairní; trí splaideog chéille*
- nuair atá an ginideach ina ainm briathartha: *cloch cheangail; léim sheachanta; bean chaointe*
- nuair atá an ginideach ina ghinideach comhaisnéise i gcás ainmí nó ruda: *púróg chloiche; stail chapail; cráin mhuice; ach óinseach mná; baintreach fir*
- nuair atá an ginideach ina ainmfhocal ábhair: *súil ghloine; tine mhóna; coinneal chéarach*
- i ndiaidh *beirt, dís*: *beirt bhuachaillí; dís bhan*.

4.16 Ainneoin a bhfuil ráite in 4.14,² ní gnách séimhiú ar ghinideach ainmfhocail éiginnte nó ainm bhriathartha atá faoi réir ag ainmfhocal eile sna cásanna seo:

- ar *d, s, t* ar lorg *d, l, n, s, t*, ach i gcorrchás: *bean síúil; cos deiridh; slat tiomána; tonn tuile; min seagail; beirt sagart* ach *maidín shambráidh (sheaca)*; ná ar *f* tosaigh, mar gur féidir le séimhiú cuma éiginnte nó ait a chur ar an mbunfhocal sa chaint: *deoir fola [fhola nó ola]*, ach *an ghlóir fhlaithiúnais*

¹ Lch 24 ar lean. – tá riall seo an tséimhithe á tabhairt anseo le caoinchead an Ghúim.

² Is é is dóichí gur alt 4.15 atá i gceist anseo, seachas alt 4.14, sa mhéid gur ginidigh atá faoi réir ag ainmfhocail bhaininsneacha uatha a thugtar mar shamplaí in alt 4.16 thuas.

- ar lorg ainm theibí nuair nach ginideach ainm bhriathartha nó ginideach comhaisnéise a bheadh i gceist: *aois gadhair; airde fir; intleacht mná; acmhainn grinn; ach cúis ghéire (ghearáin, mhagaidh), cabaireacht chainte*
- ar lorg ainmfhocal a chiallaíonn cuid, easpa, iomarca: *ailp feola; roinnt bagúin; easpa taithí; breis bainne; an iomarca moille; mo chuid cainte*
- ar lorg focal a chiallaíonn ball de dhuine nó d'ainmhí nó d'éan nó páirt de rud: *lámh duine; adharc bó; crúb coiligh; gualainn cnoic.*

Tá focail mar sin ann a ngabhann séimhiú leo mar nach ndearctar orthu mar bhaill bheatha níos mó ach mar ábhair itheacháin: *sail mhuice; ceathrú chaoireola; leis chirce; fleasc bhradáin*, nó go meafarach: *baineadh fuil mhairt as* (anrud fola).

- ar lorg ainm bhriathartha a bhfuil réamhfhocal roimhe: *ag tógáil potaí; a iarraidh combhairle; ar chosaint cathracha; ach amháin i leaganacha seanbhunaithe mar ag fáil bháis (bhisigh)*

Tá eisceahtá eile ón rial seo le fáil sa teanga thall agus abhus, go háirithe le frásaí atá an-choitianta: *ag cur choirce, ag baint mhóna*, etc., ach arís ní athraíonn siad substaint na rialach.

- ar lorg ainmfhocail éiginnte atá ar aon fhoirm le hainm briathartha: *cosaint cúise; fulaingt péine; tiomáint gluaisteáin*
- ar lorg cnuasainm más san iolra atá an ginideach: *saithe beach; scaoth cuileog; buíon fear; ach dís fhear; clann mhac; buíon cheoil (chosanta)*
- más gníomhaí an ginideach: *seitreach capaill; géimneach bó; coiscéim coiligh*
- más ginideach pearsanta comhaisnéise an ginideach: *óinseach mná; baintreach fir; a Thiarna Breithimh*
- má chuireann an ginideach pearsanta in iúl cé leis nó cé lena aghaidh duine nó rud: *clann feirmeora; bróg mná; culaith fir*
- má tá an ginideach cáilithe: *oíche gaoithe móire; scian coise adhairce; bean baile mhóir.*

Díreach roimh na hailt sin thuas, faighimid an t-alt seo a leanas:

- 4.13 Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte ar lorg *dála, fearacht, timpeall, trasna* ná ar lorg na réamhfhocal comhshuite ach i gcorrfrása seanbhunaithe: *fearacht daoine breoite; trasna sléibhte; tar éis báistí; le haghaidh páistí; ach tar éis bháis.*

Foscúbhinn 4

Leasuithe arna moladh ag an gCoiste Téarmaíochta ar na rialacha maidir leis an ‘Séimhiú/Loime’ i ndiaidh ‘Ainmfhocal Baininscneach Uatha’ agus ‘Ainmfhocal Iolra dar críoch Consain Chaola’ (2003)¹

SÉIMHIÚ/LOIME I nDIAIDH AINMFHOCAL BAININSCNEACH UATHA

... Nuair a leanann ainmfhocal nó ainm briathartha éiginnte ainmfhocal nó ainm briathartha baininscneach san uimhir uatha, is féidir go mbeidh an dara hainmfhocal séimhithe* nó lom, ag brath ar an ngaol idir an dá ainmfhocal.

*Ach amháin i gcás d, t, s agus f: féach 4 thíos.

1. SÉIMHIÚ

Nuair a bhíonn an chéad ainmfhocal á cháiliú ag an dara ceann mar a bheadh aidiacht ann, séimhítear an dara hainmfhocal, mar a léiríonn na haicmí thíos:

(a) Brí aitreabúideach

(i) más i gcáil aidiachta atá an dara hainmfhocal nó ainm briathartha:

gairm bheatha, bean chéile, oiliúint choirp is intinne, tír dhúchais, oíche ghaoithe, litir mholta, giúis phortaigh, litir thagartha, aiste théarma, uimhir theileafóin, áit chónaithe, bean chaointe, bean ghlantacháin, cloch cheangail, lámh tharrthála, bó mhaith bhainne, ubh dhonn chirce, uirlis úr chuardaigh, teanga chaighdeánach mharcála

Ach ní chuirtear an séimhiú i bhfeidhm má ghabhann aidiacht leis an ainmfhocal sa ghinideach:

oíche gaoithe móire, scian coise duibhe, tine móna taise, cruimh snáthaide móire, leictreonaic gléasanna comhtháite, uimhríocht pointe fhosaithe

(ii) nuair a dhéanann an dara hainmfhocal idirdhealú idir dhá cheann (nó níos mó) de chineálacha éagsúla:

cill phlanda (seachas cill ainmhí), clann mhac (seachas clann iníonacha),

¹ Cuirtear an leagan iomlán de na rialacha seo i láthair i bhfoirm codarsnachta idir na cásanna ina mbíonn séimhiú ar an aidiacht agus na cinn ina mbíonn séimhiú ar an ainmfhocal – ní thugtar anseo ach na rialacha maidir leis an séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte; tabhair do d’aire go bhfuil rialacha an leagain iomláin de na moltaí curtha i bhfeidhm ar théacs na moltaí féin; le haghaidh an leagain iomláin sin, féach aguisín dar teideal ‘Leasú atá á mholadh ag an gCoiste Téarmaíochta ar na rialacha maidir leis an séimhiú agus úsáid an tuisil ghinidigh’ a ghabhann le *Foclóir Fiontar*, eag. Donla uí Bhraonáin, BÁC 2004, lch 255-260, agus ‘Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimpliú agus a shoiléiriú’ ar an suíomh <http://www.acmhainn.ie/caighdean.htm>.

eitinn bhólachta (seachas *eitinn duine*), *traein phaisinéirí* (seachas *traein lastais*)

(iii) nuair a insíonn an dara hainmfhocal ábhar an chéad chinn (is é sin, cad as atá sé déanta):

cos mhaide, cos chruach, culaith bhréidín, coinneal chéarach, monarcha bhrící, seid choincréite, tine ghuail, tine mhaith mhóna

Leid: Modh amháin le féachaint cé acu feidhm aitreabúideach nó eile atá ag an dara hainmfhocal ná seiceáil an dtéann an t-alt go nádúrtha roimh an dá ainmfhocal seachas eatarthu:

an bhean chéile (seachas *bean an chéile*), *an ghairm bheatha* (seachas *gairm na beatha*), *an chulaith bhréidín* (seachas *culaith an bhréidín*), *an chlann mhac* (seachas *clann na mac*), *an chóir thaistil* (seachas *cóir an taistil*), *an tír dhúchais* (seachas *tír an dúchais*)

(b) Brí chainníochta

Le cainníocht chinnte nó méid cinnte a chur in iúl (ach féach 2(iii) thíos):

cloch mhine, deoir bhainne, glac thairní, beirt fhear, dís bhan



Grianghraf a ghlac Bill Doyle (*RIP*) d'*Aimsir Óg 2000, Cuid a Dó*, de bhaill den Choiste Téarmaíochta i mbun cruinnithe dóibh sa bhliain sin 2000 – (ó chlé:) an tOll. Ruairí Ó hUiginn, Seosamh Ó Murchú, Tadhg Ó hUrdail, Íosold Ní Dheirg (*RIP*), an Dr Eoghan Ó Súilleabháin (*RIP*), an Dr Éamonn Ó hÓgáin, Fidelma Ní Ghallchobhair, Seán Ó Briain, an Dr Máirín Nic Eoin agus an tOll. Oirmh. Micheál Mac Craith.

(c) Brí chomhaisnéise

Le comhaisnéis (is é sin, nuair a chuirtear dhá ainmfhocal éiginnte – seachas i gcás daoine* – taobh le chéile agus go sainmhíonnn an chéad cheann acu an dara ceann), bíonn an dara ceann sa tuiseal ginideach agus séimhítear é:

stail chapail, púróg chloiche, pusaireacht ghoil, cabaireacht chainte, cleithireacht mhagaidh

*(féach 2(v) thíos)

2. LOIME

Ní shéimhítear an dara hainmfhocal sna cásanna seo thíos:

- (i) Nuair atá an chéad ainmfhocal ina thréith, ina pháirt de, le haghaidh nó faoi úinéireacht an dara ceann*:

breáthacht mná, uaisleacht meoin

aghaidh mná, ceathrú caorach, ceathrú míle, cos capaill, iall bróige, lámh mhín cailín, scóig chúng buidéil, stiúir báid

deis cainte, faill comhrá, scéim séarachais

adharc sealgaire, bróg mná, comhairle mná, sláinte duine

*(ach féach 3 thíos)

- (ii) Nuair is ainm briathartha nó ainmfhocal gníomhaíochta an chéad ainmfhocal agus gur ainmní nó cuspóir an dara ceann aige ní shéimhítear an dara ceann:

admháil creidimh, bainistíocht punainne, buachailleacht bó, foghlaim ceirde, forbairt pobail, géimneach bó, (ag) imirt peile, innealtóireacht bogearraí, léim capaill, teip trealaimh, titim sneachta

Áirítear ag fáil bháis, ag fáil bhisigh, (ag) gabháil fhoimn, (ag) gabháil cheoil mar eisceachtaí agus séimhítear iad....

- (iii) Nuair is cainníocht nó méid éiginnte* atá i gceist, is é sin, focail a bhfuil ciall mar *breis, cuid, easpa, iomarca* leo, ní shéimhítear an dara hainmfhocal:

acmhainn grinn, aois gadhair, barraíocht plámáis, breis bainne, cuid mhór cainte, díth céille, easpa bia, iomarca cainte, roinnt blianta

*(ach féach 1(b) thuas)

- (iv) Nuair is cnuasainm an chéad ainmfhocal dá bhfuil i gceist leis an dara hainmfhocal, ní shéimhítear an dara ceann:

buíon ban, foireann cailíní, scuaine gasúr, saithe beach, sraith dánta, táin bó

- (v) Má tá dhá ainmfhocal i gcomhaisnéis agus ag tagairt do dhuine, ní shéimhítear an dara ceann:

baintreach óg mná, bonsach girsí, leibide garsúin, maiseog girsí, óinseach mná

(vi) Is iondúil nach séimhítear i ndiaidh na bhfocal seo a leanas i dteidil oifigiúla:

comhairle [= comhlacht oifigiúil], *oifig*, *rannóg*, *roinn*, *seirbhís*, *scéim*

Is mar chnuasainmneacha a bhreathnaítear ar na focail sin i dteidil oifigiúla seachas *scéim* agus *seirbhís*, áit a mbraitear an gaol “le haghaidh” a bheith idir an dá ainmfhocal:

An Roinn Cosanta, An Rannóg Pearsanra, An Oifig Slándála, An tSeirbhís Póilíneachta, Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

3. AN SÉIMHIÚ IDIRDHEALAITHEACH

Tharlódh go bhféadfaí breathnú ar phéire ainmfhocal faoi dhá ghné éagsúla den riail, agus go mbeadh an séimhiú nó an loime ceart de réir na gné den riail a d’fheilfeadh:

ceathrú caorach (cuid de chaora) / *ceathrú chaorach* (ainm ar phlanda)

culaith mairnéalaigh (ar le mairnéalach í) / *culaith mhairnéalaigh* (stíl chulaithe)

gloine bheorach (cineál gloine) / *gloine beorach* (lán le beoir)

innealtóireacht bogearraí (gníomh) / *innealtóireacht bhogearraí* (cineál innealtóireachta)

monarcha brící (áit a ndéantar brící) / *monarcha bhrící* (déanta as brící)

teanga mionlaigh (an teanga a labhraíonn mionlach áirithe) / *teanga mhionlaigh* (teanga a bhfuil stádas íseal aici)

(ag) *gabháil móna* (gníomh) / *gabháil mhóna* (méid cinnte móna)

léim giorria (gníomh) / *léim ghiorria d’im* (meafar)

(ag) *tógáil cathrach* (gníomh – cathair á tógáil) / *tógáil chathrach* (ainmfhocal agus cáilitheoir – an tógáil a gheobhadh duine i gcathair)

I gcásanna áirithe, is faoi ghné amháin a bhreathnaítear orthu de ghnáth, mar shampla:

clann mhac – féachtar ar “mhac” mar ainmfhocal idirdhealaitheach seachas ar “clann” mar chnuasainm.

4. RIALACHA MAIDIR LE SÉIMHIÚ AR FHOCAIL DAR TÚS D, T, S, AGUS F

... (c) Ní shéimhítear ainmfhocail éiginnte dar tús **d**, **t** nó **s** i ndiaidh ainmfhocal baininscneach dar críoch **d**, **n**, **t**, **l** nó **s**:

cúirt dúiche, cúis dlí, bean tí, agóid síochána, péist talún, min sáibh, scoil sambraidh, áit mhaith tine, bliain mhór siocáin

(d) Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús **f** i ndiaidh ainmfhocal baininscneach:

oíche fómhair, bean feasa, foireann fichille, cúirt filíochta, deoir fola ...

SÉIMHIÚ/LOIME I nDIAIDH AINMFHOCAL IOLRA DAR CRÍOCH CONSAIN CHAOLA

... Nuair a leanann ainmfhocal nó ainm briathartha éiginnte ainmfhocal iolra dar críoch consan caol, moltar an dara hainmfhocal a shéimhiú* ach amháin nuair atá an chéad ainmfhocal ina thréith, ina pháirt de, le haghaidh nó faoi úinéireacht an dara ceann:

ábhair múinteoirí, baill comhairle, comhaid bainisteora, imill bóithre, sliogáin páiste, tuarastail múinteoirí

*Ach amháin i gcás **d**, **t**, **s** agus **f**: féach thíos.

RIALACHA MAIDIR LE SÉIMHIÚ AR FHOCAIL DAR TÚS **D**, **T**, **S**, AGUS **F**

... (c) Ní shéimhítear ainmfhocail éiginnte dar tús **d**, **t** nó **s** i ndiaidh ainmfhocal iolra dar críoch **d**, **n**, **t**, **l** nó **s** caol:

comhaid dlí, tomhais seomra, eastáit tithíochta

(d) Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús **f** i ndiaidh ainmfhocal iolra dar críoch consain chaola:

baill foirne, crainn fuinseoige, comhaid fuaimne, imill féir, turais farraige....

Foscúbhinn 5

Riail séimhithe an ainmfhocail éiginnte agus an ainm bhriathartha sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocail eile in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge (2011)*

Séimhítear túschonsan ainmfhocail: ...

8. I ndiaidh ainmfhocail eile:

- (a) Má bhíonn ainmfhocal (nach ainm dílis) nó ainm briathartha sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), agus é i gcáil aidiachta, cuirtear séimhiú air.

Bíonn an dara hainmfhocal i gcáil aidiachta nuair a bhíonn an chéad ainmfhocal á cháiliú aige, mar atá sna haicmí seo a leanas:

- (i) Nuair a dhéanann an dara hainmfhocal cur síos ar cén sórt nó cén cineál é an chéad ainmfhocal, e.g. *aimsir sheaca, bean chéile, bliain bhisigh, céim bhaitisiléara, cloch choirnéil, dlaoi mhullaigh, fianaise bhréige, foireann bhaile, fuinneog thosaigh, gairm bheatha, líne chúil, obair shamhraidh, oíche dhrámaíochta, scairt ghutháin, scian phóca, sláinte mheabhach, slí bheatha, teanga dhúchais, teanga mhionlaigh, tír dhúchais, uimhir bhaile;*
- (ii) Nuair is as an ábhar a luaitear sa dara hainmfhocal a dhéantar an chéad ainmfhocal, e.g. *deoch bhainne, ding mhiotail, fuinneog ghloine, léine chadáis, pióg mhuiiceola, súil ghloine, tine ghuaill;*
- (iii) Nuair a léiríonn an dara hainmfhocal an gníomh a dhéanann an chéad ainmfhocal nó an úsáid a bhaintear as, e.g. *áit chónaithe, áit pháirceála, bean chaointe, lámh chúnta, litir mholta, scéim mharcála, uimhir thagartha, uimhir theagmhála;*
- (iv) Nuair a bhíonn gaol comhaisnéise idir an dá ainmfhocal, is é sin le rá, nuair a thagraíonn siad don rud céanna, e.g. *cráin mhuiice, stail chapail, cabaireacht chainte, pusaireacht chaointe.*

Ní shéimhítear an dara hainmfhocal sna cásanna seo a leanas:

- (i) más **d, s, t** a túschonsan i ndiaidh **d, n, l, s, t**, e.g. *bean tí, cos tosaigh, cúis dlí, cúirt dúiche, péist talún, saighead draíochta, scoil samhraidh, min sáibh, tonn tuile;*
- (ii) nuair a thosaíonn sé ar **f**, e.g. *bean feasa, comhla fuinneoige, iascaireacht farraige, laoi Fiannaíochta, líne filíochta, mí féilire, oifig fáilte, oifig faisnéise, páirc féir, toghairm fínné;*
- (iii) ar lorg ainmfhocail a bhfuil an bhrí *cuid, easpa, iomarca* leis nó ar lorg an chodáin *ceathrú*, e.g. *barraíocht plámáis, breis bainne, a chuid cabairachta, díth céille, easpa tobac, iomarca cainte, roinnt blianta, agus ceathrú míle;*

- (iv) má thagann ginideach iolra i ndiaidh cnuasainm, e.g. *buíon ceoltóirí, saithe beach, scuaine gasúr, sraith baoithe, táin bó ach clann mhac*;
 - (v) más ball beatha de chuid duine nó ainmhí, nó más páirt de rud, nó más rud i seilbh duine nó ainmhí atá i gceist, e.g. *adharc bó, aghaidh mná, cos capaill, lámh cailín, súil buachalla, iall bróige, stiúir báid, casóg buachalla*;
 - (vi) más tréith de chuid an dara focal é an chéad cheann, e.g. *breáthacht mná, finne maidine, laige páiste, maise pearsan, uaisleacht meoin*;
 - (vii) más ainmfhocal éiginnte i ndiaidh ainm briathartha atá ann, e.g. *ag tógáil potaí, ar thógáil cathrach, forbairt pobail, pleanáil corpais, pleanáil pobail, innealtóireacht bogearraí ach amháin* sna leaganacha seanbhunaithe seo a leanas: *ag fáil bháis, ag fáil bhisigh, ag gabháil cheoil, ag gabháil fhoinn*;
 - (viii) nuair is ainmní nó gníomhaí an ginideach, e.g. *coiscéim coiligh, eascaine baintrí, gáir caillí, géimneach bó, íde béil, léim capaill, mallacht mná*;
 - (ix) i ndiaidh na bhfocal seo a leanas i dteidil ranna rialtais agus comhairlí baile nó contae: *comhairle, roinn*, e.g. *An Roinn Cosanta, Comhairle Contae Chorcaí*;
 - (x) ní shéimhítear an t-ainmfhocal *sí*, i gcáil aidiachta dó, e.g. *bó sí*.
- (b) Séimhítear ainmfhocal (nach ainm dílis) nó ainm briathartha sa ghinideach má bhíonn sé faoi réir ag ainmfhocal sa Chéad Díochlaonadh
- (i) atá sa ghinideach uatha nó sa ghairmeach uatha, e.g. *mac an fhir phoist, foirmeacha an fhocail bhunaidh, a aingil choimhdeachta*; nó
 - (ii) atá san ainmneach iolra agus a chríochnaíonn ar chonsan caol, e.g. *buidéil bhainne, éisc mhara, cumainn chrábhaidh, innill bhainte*.

Tabhair do d'aire nach séimhítear, áfach, **d**, **s**, **t** i ndiaidh **d**, **n**, **l**, **s**, **t**, e.g. *báid seoil, comhaid dlí, eastáit tithíochta, poill deataigh*, ná **f**, e.g. *baill foirne, crainn fuinseoige, cuntais feirme, turais farraige*.

Faightear macasamhail an tséimhithe sin ar lorg focail áirithe lasmuigh den Chéad Díochlaonadh freisin:

- (i) sa ghairmeach uatha i leaganacha seanbhunaithe, e.g. *a dhuine chroí, a chara chléibh*;
- (ii) tar éis *faochain* agus *lachain*, e.g. *faochain mhóra, lachain bheaga*.

Tabhair do d'aire, nuair a bhíonn aonad ilfhoclach á cháiliú ag ainmfhocal éiginnte sa ghinideach, gurb é bunfhocal an aonaid ilfhoclach a rialaíonn cé acu a bhíonn séimhiú ar an gcáilitheoir ainmfhoclach nó nach mbíonn, e.g. *scoil phobail chathrach* (= *cathrach* faoi réir ag an mbunfhocal *scoil*) **ach halla pobail cathrach** (= *cathrach* faoi réir ag an mbunfhocal *halla*).

Foscúbhinn 6

Riail an tséimhithe 'ar ainmfhocal éiginnte i ndiaidh ainmfhocal eile' in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe (2012)*¹

- Má tá ainmfhocal (nach ainm dílis) sa ghinideach ag brath ar ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocal firinsneach iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, cuirtear séimhiú air nó fágtar é gan séimhiú faoi réir na rialacha atá leagtha amach anseo thíos.
- Bíonn dhá phríomhfheidhm leis an tuiseal ginideach i gcásanna den sórt sin: mar ghinideach aidiachtach agus mar ghinideach comhbhainte. Tugtar treoir ghinearálta sa bhosca thíos ... maidir leis an dá phríomhfheidhm sin. Sna leathan- aigh a leanas, tugtar mionsonraí ina dtaobh dóibh siúd a dteastaíonn tuilleadh eolais uathu.
- *Riail maidir le d, n, t, l agus s agus f*: ní shéimhítear ainmfhocail éiginnte dar tús na litreacha *d, t* nó *s* i ndiaidh *d, n, t, l* nó *s*; ná ní iondúil ainmfhocail éiginnte dar tús *f* a shéimhiú tar éis ainmfhocal eile:–

báid seoil, capaill seilge, turais taighde, caighdeáin tástála, saighead draíochta, saotharlann taighde, téad tíre, bean tí, cúirt dúiche, beirt dochtúirí (eisceachtaí: áit dhúchais, maidin shamhraidh); searraigh folaíochta, beithígh feirme, botháin freastail, bean feasa, oíche filíochta, sochaí faisnéise, teicneolaíocht faisnéise.

- Ní shéimhítear ainmfhocal i ndiaidh ainmfhocal firinsneach uatha a chríochnaíonn ar chonsan caol sa ghinideach, e.g., *bord údaráis creidiúnúcháin, feidhmiú an achtacháin cánachais sin, síniú an choinbhinsiúin cóipchirt.*

TREOIR

Ginideach Aidiachtach: Séimhiú

Feidhmíonn an dara hainmfhocal mar cháiliú simplí ar an gcéad ainmfhocal mar a dhéanfadh aidiacht, e.g., *oíche ghaoithe* (oíche ghaofar), *bileog pháipéir* (bileog atá déanta as páipéar), *bean chéile, culaith chadáis, gaoth mhara, saoire bhreiteachta, uimhir theileafóin.*

Ní bhíonn séimhiú ar an dara hainmfhocal má dhéantar an dara hainmfhocal a cháiliú le ginideach cáilíochta eile nó le haidiacht, e.g., *oíche gaoithe móire, culaith cadáis Éigiptigh.*

¹ Lch 199 ar lean. Tabhair do d'aire go bhfuil rialacha an Chaighdeáin Athbhreithnithe i gcoitinne curtha i bhfeidhm ar théacs na rialach. Tugtar ceannteidil na míreanna i gcló trom anseo thíos (níl siad aibhsithe sa bhuntéacs).

Ginideach Comhbhainte: Gan Séimhiú

Léiríonn an dara hainmfhocal cad leis a mbaineann an chéad ainmfhocal, nó cén earnáil lena mbaineann sé, nó cad chuige é, etc. Feidhmíonn an dara hainmfhocal mar chomhlánú ar an gcéad ainmfhocal trí chomhbhaint a léiriú, e.g., *cos cathaoireach, foinse solais, scéim teanga, baill coiste, duáin cailín, cumais comhairleora*.

1. Ginideach Aidiachtach – Séimhiú

(a) ginideach aidiachtach simplí

- (i) má fheidhmíonn an dara hainmfhocal mar thuirisc shimplí ar chineál, ar bhunús nó ar fhoinsé an chéad ainmfhocail*:-

bean ghnó, bean chabhartha, lámh chúnta, mí ghealaí, bliain chánach, bliain bhisigh, gairm bheatha, bean chéile, obair bhaile, obair pholaitíochta, obair thalmhaíochta, uimhir theileafóin, foinse bhéil, cáis ghabhair, ubh chirce, ubh ghé, feoil chapail, ola mhianra, tír dhúchais, eitinn bhólachta, bó bhainne, méar thosaigh, méar thánaiste, gloine bheorach (= gloine le haghaidh beorach), uirlis cheoil, gaoth mhara, culaith gharda (= culaith le haghaidh garda), saoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, cáin chorparáide, aicme cheannais, leabhair ghramadaí, éin chlóis, dualgais bhreise, portaigh mhóna;

nó

- (ii) má léiríonn sé ábhar an chéad ainmfhocail:-

cathaoir shúgáin, súil ghloine, culaith bhréidín, coinneal chéarach, cos chrainn (= cos adhmaid) (féach 2(b)(i) thíos), cloch shneachta, monarcha bhrící (= monarcha atá déanta as brící), bileog pháipéir, mias chré-umha, brailín chadáis, foirgnimh bhrící (= foirgnimh atá déanta as brící).

(b) ginideach comhaisnéise i gcás ainmhithe nó nithe

más ginideach comhaisnéise an dara hainmfhocal agus más ainmhí nó ní atá i gceist, glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal mar thuirisc ar chineál an chéad ainmfhocail:-

cráin mhuice, stail chapail, púróg chloiche, cabaireacht chainte;

(ach ní shéimhítear ginideach comhaisnéise nuair is daoine atá i gceist: *baintreach fir, óinseach mná* (féach 2(i) thíos).

(c) ginideach cainníochta cinnte

má tá brí cainníochta cinnte leis an gcéad ainmfhocal, glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal mar thuirisc ar an gcéad ainmfhocal:-

* Ní shéimhítear an focal *sí* riamh, e.g., *bó sí, fir sí*.

cloch mhine, deoir dhrúchta, deoir bhainne, glac mhine;

(ach ní shéimhítear ginideach cainníochta más aonad cainníochta fisiciúla de dhéantús an duine atá i gceist: *gloine beorach* (= gloine de bheoir), *mias cáise* (féach 2(e)(ii) thíos).

(d) *beirt agus dís*

glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal a chuirtear leis an dá ainmfhocal seo mar cháiliú orthu:-

beirt bhan, beirt chigirí, dís fhear, dís bhreithiúna.

Tabhair faoi deara:-

- Chun gach ceann de na leaganacha thuas a dhéanamh cinnte, cuirtear an t-alt roimh an gcéad ainmfhocal.
- Má chuirtear ginideach aidiachtach eile nó aidiacht mar cháiliú leis an dara hainmfhocal, ní ginideach aidiachtach a thuilleadh é agus, mar sin, ní shéimhítear é, e.g., *oíche gaoithe móire* (oíche ar shéid gaoth láidir lena linn), *bileog páipéir dúigh* (bileog atá déanta as páipéar dúigh).
- Is féidir an chéad ainmfhocal a cháiliú gan difear a dhéanamh don bhrí, e.g., *dleacht mháil* agus *dleacht mháil tíre iasachta, súil ghloine* agus *súil ghloine Thaidhg*.

2. Ginideach Comhbhainte – Gan Séimhiú

(a) ginideach comhbhainte simplí

má fheidhmíonn an dara hainmfhocal mar chomhlánú ar an gcéad ainmfhocal trí chomhbhaint a léiriú:-

aicme ceadúnais, foinse béaloidis, foinse solais, feidhm dlí, faí cloig, sábháilteacht ceirde, deirfúir céile, rialacháin breosla, ceadúnais móna, baill coiste, oifigigh sábháilteachta.

(b) seilbh dhílis

(i) más ball beatha de chuid ainmhí nó duine, nó más páirt de rud, atá i gceist:-

adharc bó, aghaidh mná, cos capaill, lámh cailín, súil buachalla, iall bróige, tairseach bus, stiúir báid, ciúmhaís coille, cos cathaoireach, crúb cait, fóir poirt, slis císte, cos crainn (= bun crainn), imill bóthair, duáin cailín, lánais cláir;

(*Eisceachtaí*: nuair is ábhar bia nó úsáid mheafarach in ainmneacha ainmhithe nó plandaí, etc. atá i gceist, séimhítear an dara hainmfhocal, e.g., *sail mhuice, leis chirce, cos ghé, cluas chait*);

(ii) más gaol idir daoine (gaol clainne nó teaghlaigh) atá i gceist:–

iníon mná, máthair buachalla, bean cócaire, mic mná.

(c) úinéireacht

má tá úinéireacht nó seilbh nach seilbh dhílis i gceist:–

*deoch madra, casóg páiste, culaith garda (= culaith ar le garda í), feidh gníomh-
aireachta, buidéil páiste, leabhair buachalla, cleachtais cuideachta, dualgais
gníomhaireachta, capaill monarchan.*

(d) tréith

más ainmfhocal teibí é an chéad ainmfhocal agus má léiríonn sé tréith de chuid an dara hainmfhocal:–

*breáthacht mná, finne maidine, laige páiste, airde cailín, nirt mná, cumais
comhairleora;*

ach más ginideach ainm bhriathartha nó ginideach comhaisnéise é an dara hainmfhocal, glactar leis gur cáiliú é ar an gcéad ainmfhocal agus séimhítear é:–

cúis mhagaidh, pusaíl ghoil;

Nóta: má tá brí nithiúil agus brí theibí leis an ainmfhocal céanna, pléitear leis an ainmfhocal de réir na brí atá i gceist – *fadhb chloiche* (faoi 1(a)(ii) thuas) ach *fadhb taighde*.

(e) ginideach cainníochta éiginnte

(i) má tá brí cainníochta éiginnte leis an gcéad ainmfhocal:–

*ailp feola, barraíocht plámáis, breis bainne, a chuid cabaireachta, díth céille,
easpa tobac, iomarca cainte, roinnt blianta, aistir móna, taoscáin branda;*

(ii) má tá brí aonaid cainníochta de dhéantús an duine leis an gcéad ainmfhocal:–

*gloine ceirtlise (= gloine de cheirtlis), mias cáise, umair bainne, tancaeir peitрил,
buicéid coincreíte.*

(f) cnuasainmneacha

más cnuasainm nó ainmfhocal a chuireann grúpa in iúl é an chéad ainmfhocal agus más ginideach iolra é an dara hainmfhocal a chuireann in iúl cé dóibh nó cad dóibh a bhfuiltear ag tagairt:–

*sáithe beach, scuaine gasúr, sealbh caorach, táin bó, foireann peileadóirí, nead
bithiúnach, corróg bláthanna, buíon gadaithe, meitheal ban, (eisceacht: clann
mhac), pobail cainteoirí.*

(g) aonaid ama

(i) más aonad ama an chéad ainmfhocal agus é in úsáid mar aonad tomhais:–

mí saoire, ráithe tuairiscithe; nóiméid breisama;

(ii) más aonad ama an dara hainmfhocal:–

saoire míosa, tréimhse bliana, tréimhse seachtaine; tuarastail míosa, tuairisceáin bliana;

(ach is iondúil go séimhítear an dara hainmfhocal nuair is ginideach aidiachtach simplí atá i gceist: *láireog bhliana; uain bhliana*).

(h) ainmneacha briathartha

(i) ainmní nó gníomhaí

ar lorg ainm briathartha nó ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl, sa chás gurb é an dara hainmfhocal an t-ainmní nó an gníomhaí:–

géimneach bó, gáir caillí, mallacht mná, eascaine baintrí, léim capaill, íde béil, coiscéim coiligh, obair polaiteoirí, clamhsáin custaiméara, luaidreáin margaidh;

(ii) cuspóir

ar lorg ainm briathartha nó ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl, sa chás gurb é an dara hainmfhocal an cuspóir, cibé acu atá réamhfhocal roimh an ainm briathartha nó nach bhfuil:–

oiliúint múinteoirí, tástáil páirteanna, eisiúint preasráiteas, giniúint cumhachta, ag tógáil potaí, ceartúcháin profa, réitigh conspóide;

(ach i gcorrleagan seanbhunaithe i gcás ainm briathartha a bhfuil réamhfhocal roimhe, séimhítear an dara hainmfhocal, e.g., *ag fáil bháis*);

(iii) idirdhealú

más ainm briathartha an dara hainmfhocal agus más ionann foirm do thuiséal ginideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha:–

áis caomhnaithe (= áis chun caomhnú a dhéanamh) ach *áis chaomhnaithe* (= áis atá caomhnaithe), *cuideachta glactha, buíon cosanta, caisleáin cosanta* (= caisleáin chun cosaint a dhéanamh) ach *caisleáin chosanta* (= caisleáin atá cosanta), *caighdeáin forbartha* (= caighdeáin chun forbairt a dhéanamh) ach *caighdeáin fhorbartha* (= caighdeáin atá forbartha).

(i) ginideach comhaisnéise i gcás daoine

más ginideach comhaisnéise an dara hainmfhocal agus más duine atá i gceist:–

baintreach fir, óinseach mná (féach 1(b) thuas).

(j) aonaid riaracháin agus gnó

más teideal aonaid riaracháin nó gnó atá i gceist:–

An Roinn Comhshaoil, an rannóg pearsanra, seirbhís comhairleoireachta,

comhairle baile, comhairle contae, comhairle cathrach, scéim pinsean, scéim séarachais, scéim teanga, scoil breisoideachais, monarcha brící (monarcha a tháirgeann brící), monarcha gáis, cuideachta margáíochta, feirm capall, aonaid clárúcháin, údaráis cúige, rannáin ceantair.

(k) ainmfhocail iolra

má tá an dara hainmfhocal san iolra:–

glac tairní, traein paisinéirí, scoil cailíní; umair capall, fiosrúcháin custaiméirí.

Foscúbhinn 7

Aidiacht bhriathartha na mbriathra le hainm briathartha dar críoch ‘-(e)adh’¹

Is é ‘-(a)ithe’, seachas ‘-t(h)e’ nó ‘-t(h)a’, an foirceann a bhíonn ag an aidiacht bhriathartha i nGaeilge labhartha na Mumhan, go minic, ag briathra den chéad réimniú dar críoch consan pléascach (is é sin, ‘c’, ‘p’, ‘t’ nó ‘d’, ‘b’, ‘g’). In *Gaeilge Chorca Dhuibhne* tugann Diarmuid Ó Sé na foirmeacha seo a leanas mar fhoirmeacha aidiachta briathartha briathra a bhfuil fréamh aonsiollach acu dar críoch ‘c’, ‘p’ nó ‘t’: ‘fáiscithe’, ‘laitithe’, ‘meascaithe’, ‘nochtaithe’, ‘priocaithe’, ‘scartaithe’, ‘stracaithe’, ‘tachtaithe’ agus ‘teipithe’.² De réir an Chaighdeán Oifigiúil bheidís-sean le scríobh díreach mar a scríobhfaí foirmeacha an ghinidigh uatha d’ainmneacha briathartha na mbriathra atá i gceist ansin, is é sin, mar ‘fáiscithe’, ‘loite’, ‘measctha’, ‘nochta’, ‘prioctha’, ‘scairte’, ‘sractha’, ‘tachtá’ agus ‘teipthe’.

I gcás na n-aidiachtaí briathartha le fréamh dar críoch ‘d’, ‘b’ nó ‘g’, léirítear sa scríbhinn fhoghraíochta seo a leanas a thugann Diarmuid Ó Sé an tslí a ndíghlóráítear an consan pléascach roimh an bhfoirceann (tugann sé na leaganacha caighdeánacha idir uaschamóga i ndiaidh gach sampla aige): b’r’apíhí ‘breabtha’, k’r’et’íhí ‘creidte’, d’r’it’íhí ~ d’it’íhí ‘druidte’, fa:kíhí ‘fágtha’, git’íhí ‘goidte’, l’akíhí ‘leagtha’, l’ik’íhí ‘ligthe’, lu:píhí ‘lúbtha’, re:píhí ‘réabtha’, sgakíhí ‘scagtha’, sg’upíhí ‘sciobtha’, sgu:əpíhí ‘scuabtha’, je:t’íhí ‘séidte’, sli:k’íhí ‘sloigthe’ ~ slokíhí ‘slogtha’, jn’ukíhí ‘sniogtha’, sdatíhí ‘stadta’, to:kíhí ‘tógtha’ agus d’a’ru:tíhí ‘dearúda’.³ Ach na haidiachtaí briathartha sin a scríobh mar ‘breabaithe’, ‘creidithe’, ‘druidithe’, ‘fágaithe’, ‘goidithe’, ‘leagaithe’, ‘ligithe’, ‘lúbaithe’, ‘réabaithe’, ‘scagaithe’, ‘sciobaithe’, ‘scuabaithe’, ‘séidithe’, ‘sloigithe’ ~ ‘slogaithe’, ‘sniogaithe’, ‘stadaithe’, ‘tógaithe’ agus ‘dearúdaithe’ i gCaighdeán Oifigiúil 1958 d’fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh idir foirm scríofa na n-aidiachtaí briathartha sin agus foirm scríofa an ghinidigh uatha d’ainmneacha briathartha na mbriathra ‘breab’, ‘creid’, ‘druid’, ‘fág’, ‘goid’, ‘leag’, ‘lig’, ‘lúb’, ‘réab’, ‘scag’, ‘sciob’, ‘scuab’, ‘séid’, ‘slog’, ‘sniog’, ‘stad’, ‘tóg’ agus ‘dearmad’, faoi seach.

Níl na foirmeacha sin thuas den aidiacht bhriathartha teoranta do Chorca Dhuibhne amháin. Ag scríobh dó ar Ghaeilge na Mumhan i gcoitinne, agus briathra sa chéad réimniú le hainmneacha briathartha dar críoch ‘-adh’ agus eile faoi chaibidil aige, deir Seán Ua Súilleabháin:

Cuirtear foirceann rangabháil chaite an dara réimniú go minic le briathra sa

¹ Gabhann an Fhocscríbhinn seo le Caibidil 5.

² Diarmuid Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, lch 318, §583(a).

³ *Ibid.*, lch 318, §584(a).

chéad réimniú a chríochnaíonn ar chonsan pléascach, m.sh. *ceapaihi* ‘ceaptha’. Nuair a chríochnaíonn fréamh an bhriathair ar phléascach glórach cloistear dhá fhoirm, .i. *-ə/-i* agus *-ihi*. Déanann an chéad cheann díghlórú ar chonsan deiridh na fréimhe i gcónaí toisc *th* a bheith go stairiúil ann, m.sh. *fácə < fágtha*; i gCorca Dhuibhne bíonn an díghlórú céanna roimh *-ihi*, m.s. *fácaih*; ní bhíonn i Múscraí, Cairbre, ná Uíbh Ráthach, m.sh. *leogaihi* ‘ligthe’. De ghnáth bíonn rogha idir an dá fhoirm más fada do ghuta (deiridh) na fréimhe, m.sh. *diúca/diúcaih* ‘diúgtha’ (N,⁴ Corca Dhuibhne), *dearúta/dearúdaihi* ‘dearmadta’ (N, Múscraí). Is gnáthaí an fhoirm *-ihi* más gairid do ghuta (deiridh) na fréimhe, m.sh. *bogaihi*, *g^uidih* ‘goidte’ (N, Múscraí); *leacaihi* ‘leagtha’, *snⁱucaih* ‘sniogtha’ (N, Corca Dhuibhne). Ina choinne sin cloistear *lici* chomh maith le *licih* ‘ligthe’ i gCorca Dhuibhne, agus deirtear *tuca* ‘tugtha’ sa chiall ‘fonnmhar’ srl., cé gur gnáthaí foirmeacha déshiollacha, *tucaih* / *tugaihi* (nó *túrha*) in aon chás eile ...⁵

I dtaca leis na Déisibh, deir an Súilleabhánach:

Dála Chorca Dhuibhne déantar díghlórú ar chonsan deiridh fhréamh briathair a bhaineann leis an gcéad réimniú nuair a chuirtear an foirceann *-ihi* leis sa rangabháil chaite, m.sh. *réapaihi < réabtha*.⁶

Agus i dtaca le Contae an Chláir deir sé:

Nuair a chuirtear an foirceann *-ihi* le briathar sa chéad réimniú a chríochnaíonn ar chonsan pléascach glórach díghlóraítear an consan, m.sh. *leacaithe*, *tócaithe*.⁷

Ar na foirmeacha aidiachta briathartha ó Chléire a thugann Breandán Ó Buachalla tá ‘ataithe’, ‘bogaithe’, ‘doirtithe’, ‘fágaithe’ agus ‘iascaithe’.⁸

Is amhlaidh, chomh maith, go bhfaightear an foirceann sin *-ihi* in aidiachtaí briathartha briathra áirithe den chéad réimniú lasmuigh den Mhumhain, chomh maith. Ag scríobh dó ar Ghaeilge Chonnacht, deir Ruairí Ó hUiginn:

⁴ Tagraíonn ‘N’ d’fhianaise phríobháideach nó neamhfhoilsithe de chuid an tSúilleabhánaigh féin.

⁵ Seán Ua Súilleabháin, ‘Gaeilge na Mumhan’, in *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*, lch 520, §8.27, mar a dtugann sé na samplaí seo a leanas de ‘tugtha’ agus ‘tugaithe’, chomh maith: *d’oibri sé dho go breá tugtha* [/tukəʃ] (*Scéalaíocht Ambhlaoibh Í Luínse*, lch 124) agus *is dócha gur bh’é fé ndeár dom bheith chó tugtha chun na gadaíola* (*ibid.*, lch 196), ach *nithe ... a bhíonn tugaithe ag an dtuille léi* (*Seanachas Ambhlaoibh Í Luínse*, lch 366).

⁶ Seán Ua Súilleabháin, *op. cit.*, lch 522, §8.38.

⁷ *Ibid.*, lch 523, §8.49.

⁸ Breandán Ó Buachalla, *An Teanga Bheo: Gaeilge Chléire* (2003), lch 76, §8.3 – tabhair do d’aire go dtugann sé na foirmeacha ‘séidthe (séite)’ agus ‘seargtha (searaca)’, chomh maith.

In iarthar Chonamara ní hannamh an fuaimniú /ihə/ le hais /i:/ a bheith le cloisteáil, m.sh. *tit* > /t'it'i:/ nó /t'it'ihə/, /t'it'i:hə/. Foirceann dúbailte (-*thai*ghthe)), mar sin, atá ag na briathra seo, i.e. /boki:/ < *bogthaithe*.⁹

As Iorras Aithneach, Co. na Gaillimhe, tugann Brian Ó Curnáin na foirmeacha aidiachta briathartha i gcás na mbriathra seo a leanas a bhfuil fréamh dar críoch 'b', 'd', 'g', 'p', 't' agus 'c' acu, faoi seach:

lúb lu:pi:(hə), *séid* se:t'i:(hə), *sloig* sli:k'i:(hə), *crap* krap:i:(hə), *rot* roti:(hə), *loic* lok'i:(hə).¹⁰

Bheadh na foirmeacha scríofa 'lúbaithe', 'séidithe', 'sloigithe', 'crapaithe', 'rotaithe' agus 'loicithe' níos giorra do na foirmeacha labhartha sin thuas ná mar atá na foirmeacha caighdeánacha scríofa 'lúbtha', 'séidte', 'sloigithe', 'craptha', 'rota' agus 'loicthe' faoi seach – is é i:(hə) an gnáthfhoirceann a bhíonn ag aidiachtaí briathartha den dara réimniú in Iorras Aithneach, agus is mar '-(a)ithe' a scríobhtar sin, ar ndóigh.¹¹

Tuairiscíonn Séamas Ó Murchú go ndeirtear 'ceaptha' mar 'ceapaíthe' agus 'fágtha' mar 'fácaíthe' i gCarna.¹² Arís, agus na foirmeacha sin á scríobh, ba ghiorra 'ceapaithe' agus 'fágaithe' do 'ceapaíthe' agus 'fácaíthe', faoi seach, ná na leaganacha caighdeánacha 'ceaptha' agus 'fágtha'.¹³

Is é *i*: foirceann na haidiachta briathartha ar lorg pléascaigh i gCois Fharráige, agus arís, i gcás na mbriathra le fréamh dar críoch consan leathan, bheadh '-aithe' níos congaraí dó sin ná '-t(h)a' an Chaighdeáin Oifigiúil.¹⁴ Ar na samplaí a sholáthair Tomás de Bhaldráithe in *Gaeilge Chois Fhairrge* (arís tugann sé foirmeacha 'caighdeánacha' scríofa i ndiaidh gach foirme) tá fa:ki: 'fágtha', re:pi: 'réabtha', sgru:ti: 'sgrúdta', kr'et'i: 'creidte', sbl:a:ŋki: 'splanctha', p'uki: 'pioctha',

⁹ Ruairí Ó hUiginn, 'Gaeilge Chonnacht', in *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*, lch 587, §5.9.

¹⁰ Brian Ó Curnáin, *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, Iml. II, lch 1054, §5.173. Níl aon cheannfhocal 'rot' in FGB ach tugtar 'reota' mar leagan malartach den rangabháil chaite den bhriathar 'reogh' san fhoclóir sin. Cf. Brian Ó Curnáin, *op. cit.*, lch 1055, mar a dtugtar samplaí d'aidiachtaí briathartha eile dár críoch i:(hə) ó chainteoirí aonair. Tugtar an fhoirm 'baistithe' ar lch 1064, §5.182, agus 'baistí(the)' ar lch 1061, §5.178.

¹¹ Tabhair do d'aire go ndeir an Curnánach, agus é ag plé leis an ngingideach den ainm briathartha, mar a bhfaightear an malartú sin i: ~ i:hə, chomh maith: *The alternant i:hə seems to be less frequent in the genitive of the verbal noun than in the verbal adjective of the variable (i:hə)* (*op. cit.*, lch 1106, §5.229).

¹² Séamas Ó Murchú, *An Teanga Bheo: Gaeilge Chonamara* (1998), lch 44, §13.12, mar a ndeir sé: 'In áit -/i:/ bíonn -/i:hə/ de ghnáth i gCarna'.

¹³ Bíonn -/i:hə/ in áit -/i:/ ag aidiachtaí briathartha briathra den dara réimniú i gCarna de ghnáth, chomh maith, dar le Séamas Ó Murchú, *op. cit.*, lch 44, §13.13.

¹⁴ Arís, is mar '-(a)ithe' a scríobhtar an foirceann sin i gcás aidiacht bhriathartha na mbriathra den dara réimniú, ar ndóigh.

f'ek'i: 'feicthe', kra:pi: 'cnaptha', ba:ʃd'i: 'baistthe', ba:sgi: 'basgtha', kl'æ:xdi: 'cleachttha', t'æ:xdi: 'téachtta' agus a:ti: 'attha'.¹⁵

Agus sinn ar dul ar aghaidh go Gaeilge Uladh, féach a ndeir T. F. O'Rahilly in *Irish Dialects Past and Present* faoin bhfoirceann sin 'i:', a bhfuil samplaí de tugtha againn thuas as Conamara – díol spéise an tslí a nascann sé an foirceann sin leis an bhfoirceann a fhaightear i nGaeilge na Mumhan agus ar tugadh samplaí de thuas:

*The unstressed termination -ighthe in the participle of verbs became regularly *-iche, whence the current S[outhern] Ir[ish] -ihe, e.g. mínihe (< mínighthe), and the N[orthern] Ir[ish] -í, e.g. míní.¹⁶ ... The N. Ir. ending -í ... of the participles of verbs in -igh has been suffixed to the historical forms of the participles of other verbs in a considerable part of the N. Ir. area, e.g. cráití, síntí, moltaí, leacaí, for cráite, sínte, molta, leaca (< leagtha). Adjectives in -ta are treated similarly, e.g. aigeantaí, reusúntaí. This is attested for most of Connacht, for part of Ulster (e.g. Cavan; but not Donegal), and for part of N. Leinster (e.g. Longford, N. Meath). Something analogous occurs in Munster Irish in connection with the participles of verbs ending in a stop. In such forms as ceaptha (pron. ceapa), stractha (pron. straca), leagtha (pron. leaca), guite, the participial ending was felt to be insufficiently marked; hence in general the ending of the participle of verbs in -ig, viz. -ihe (or -aha), was either added to the original ending or else substituted for it, e.g. ceapaihe, stracaihe, leacaihe or leagaihe, guitihe or guidihe.¹⁷*

Ag díriú dúinn go sonrath ar Ghaeilge Uladh, is é an foirceann '-i' a bhíonn ag aidiacht bhriathartha na mbriathra dar críoch consan pléascach i Ros Goill. In *Grammar of Ros Goill Irish, Co. Donegal*, deir L.W. Lucas, agus é ag trácht ar dhéanamh na haidiachta briathartha:

Verbs with stems of one syllable ending in -p, -t, -t', -k, -k' add -i; kroᵖ, kroᵖi – shrink; fe:ʃk', fe:ʃk'í – wring;¹⁸ gLak, gLakí – take; Lot', Lot'í – injure;

¹⁵ Tomás de Bhaldraithe, *Gaeilge Chois Fhairrge – An Deilbhíocht*, lch 74, §169(iv) – scríobhfaí 'baistthe', 'cleachttha', 'téachtta' agus 'attha' mar 'baiste', 'cleachta', 'téachta' agus 'ata', faoi seach, anois, ar ndóigh. Tugann sé na heisceachtaí 'druidte', 'roptha' / 'ropta' agus 'cocta'. Le cúpla sampla de na haidiachtaí briathartha sin thuas a thabhairt, as Nua-Chorpas na hÉireann, féach 'Ní bheidh sé éasca aige an seansaol a chaitheamh in aer / Agus é chomh cleachtaí leis' (Seán Ó Curraoin [as Cois Fharráige ó dhúchas], *Cloch na Cainte agus dánta eile*, 2003), 'Bhí a corp curtha as a riocht agus a cosa ataithe' (Seán Ó Curraoin, *Boscaí*, 2003) agus 'Ba fharráige théachtaithe di an baile seo mar ní raibh sí rótheanntásach ar aon duine ann – Bean Uí Dheoise ba mheasa – bean mhór *novenas* agus paidreála' (*ibid.*).

¹⁶ T. F. O'Rahilly, *Irish Dialects Past and Present* (BÁC 1972 [1932]), lch 207.

¹⁷ *Ibid.*, lch 224-5.

¹⁸ An briathar 'fáisc'.



taht, tahti – *choke*....¹⁹ *Verbs with stems of one syllable ending in -b, -d', -g, -g', -h usually add -i and unvoice the final consonant*; bog, bōki – *move*; k'r'ed', k'r'et'i – *believe*; krō:g', krō:k'i – *foot (turf)*;²⁰ re:b, re:pi – *burst*; faŋ, faŋhi – *shrink*.²¹

Arís, sa scríbhneoireacht, ba ghiorra ‘-aithe’ don fhoirceann sin ‘-i’ ná an foirceann ‘-tha’ a scríobhtar inniu de réir an Chaighdeáin Oifigiúil i gcás na mbriathra sin thuas le fréamh dar críoch consan leathan. Agus tabhair do d’aire go ndeir Art Hughes go bhfuaimnítear ‘an foirceann aidiachta briathartha -(a)ithe (<-aighthe) mar /-i(:)/ i dTír Chonaill inniu’.²²

I dtaca leis an dara grúpa briathartha sin aige thuas, deir Leslie Lucas:

A few unvoice the final consonant and add -ə; drəd', drət'ə – shut; fa:g, fa:kə – leave; L'eg, L'ekə – demolish; L'əg', L'ək'ə – let; se:d', se:t'ə – blow; to:g, to:kə – lift.²³

Áiríonn Leslie Lucas na briathra ‘at’, ‘cosc’ agus ‘sioc’ ina n-eisceachtaí ón ngnás a léirítear sa chéad ghrúpa sin briathra thuas – tugann sé na foirmeacha aidiachta briathartha seo a leanas faoi seach ina gcásna: atəʃt'ə, kəskəʃt'ə agus ʃəkəʃt'ə.²⁴

¹⁹ L.W. Lucas, *Grammar of Ros Goill Irish, Co. Donegal* (Béal Feirste, 1979), lch 133, §517.

²⁰ Tugtar ‘gróig’ mar leagan caighdeánach den bhriathar sin i bhFoclóir Uí Dhónaill.

²¹ L.W. Lucas, *op. cit.*, lch 133, §518.

²² Art Hughes, ‘Gaeilge Uladh’, in *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*, lch 646, §7.16 – mar sin, is mar ‘-(a)ithe’ a scríobhtar an foirceann aidiachta briathartha /-i/ i gcás briathra den dara réimniú.

²³ L.W. Lucas, *op. cit.*, lch 133, §518 – tugtar na foirmeacha eile seo a leanas, chomh maith, níos faide ar aghaidh san alt sin: p'rab, p'raptə – *mould (potatoes)*; təg', təg'vaL't'ə – *understand*.

²⁴ L.W. Lucas, *op. cit.*, lch 133, §517 – faightear an fhoirm ʃəki chomh maith le ʃəkəʃt'ə.

Tugtar na foirmeacha *ati*, *atabi* agus *atʃtʰə* in *A Phonetic Study of the Irish of Tory Island*, le John Noel Hamilton,²⁵ a deir, i dtaca le ‘at’ agus ‘iarr’: *Two first declension verbs form their verbal adjectives as if they belonged to the 2nd declension.*²⁶

Ar deireadh, tugann Heinrich Wagner na foirmeacha ‘toghaidhte’ agus ‘treabhaidhte’ as Gaeilge Theilinn.²⁷ Arís, is mór idir na foirmeacha deiridh sin agus na foirmeacha caighdeánacha scríofa ‘tofa’ agus ‘treafa’.

Aidiacht bhriathartha na mbriathra le hainm briathartha dar críoch ‘-ilt’, ‘-in(g)t’ nó ‘-irt’

In *Gaeilge Chorca Dhuibhne* tugann Diarmuid Ó Sé na foirmeacha seo a leanas mar shamplaí d’fhoirmeacha aidiachta briathartha aicme amháin briathra a gcuirtear ‘-(a)ithe’ lena bhfréamh:

asg(ə)rihi *eascraithe*, fʳ’ag(ə)rihi *freagraithe*, sok(ə)rihi *socraithe*.²⁸

Díghlóraítear consan pléascach roimh *i*hi in tar’ik’ihi *tarraigte* agus fil’ik’ihi *fuiligte*.²⁹

Is í an fhoirm tar’n’i:(hə) an fhoirm is gnách a bheith ag aidiacht bhriathartha ‘tarraing’ in Iorras Aithneach, de réir Bhriain Uí Churnáin³⁰ – ar na foirmeacha atá aige tá ‘tairngighthe’,³¹ ‘tairní’³² agus ‘tairníthe’.³³

In *A Grammar of Ros Goill Irish* deir Leslie Lucas:

²⁵ John Noel Hamilton, *A Phonetic Study of the Irish of Tory Island, Co. Donegal* (Béal Feirste, 1974), lch 237 – is amhlaidh go dtugtar ‘ataithe’ mar rangabháil chaite mhalartach i bhFoclóir Uí Dhónaill.

²⁶ *Ibid.*, lch 179.

²⁷ Heinrich Wagner, *Gaeilge Theilinn – Foghraidheacht · Gramadach · Téacsanna* (BÁC 1979), lch 123, §348 agus §349 faoi seach – ‘tá na préataí toghaidhte’ (te:tʃʲə); i dtaca le ‘treabhaidhte’, tugann sé ‘gléas treabhaidhte’ (gʲe:s tʃr’o:tʰə) mar léiriú ar fhoirm an ghinidigh uatha den ainm briathartha ‘treabhadh’ agus is é an fhoirm chéanna sin tʃr’o:tʰə a thugann sé mar fhoirm na haidiachta briathartha, chomh maith.

²⁸ Diarmuid Ó Sé, *op. cit.*, lch 318, §583(c) – tabhair do d’aire go dtugtar ‘socairt’ mar leagan neamhchaighdeánach d’ainm briathartha an bhriathair ‘socraigh’ i bhFoclóir Uí Dhónaill; cf. ‘Ní túisce fásta ansan dó, socairte síos go mbíonn sé níos freagarthaí ná riamh dá bhean’ agus ‘Bhí socairte againn go n-úsáidfimis tigh stóir áirithe’ (Pádraig Ó Cíobháin, *An Gealas i Lár na Léithe* agus *Le Gealaigh*, faoi seach).

²⁹ *Ibid.*, lch 318, §584(b).

³⁰ Brian Ó Curnáin, *op. cit.*, Iml. I, lch 235, §1.199.

³¹ *Ibid.*, lch 198, §1.155.

³² Brian Ó Curnáin, *op. cit.*, Iml. II, lch 1071, §5.190.

³³ *Ibid.*, lch 1065, §5.185.

Verbs with stems of more than one syllable ending in -d, -n, -N', -l, -r, usually syncopate and add -əʃt'ə; kagən, kagNəʃt'ə – chew; kag'əl, kag'ləʃt'ə – rake (fire); kəvad, kəvdəʃt'ə – watch; kəmə, kəməʃt'ə (kəməL't'ə) – rub; du:bəl, du:bLəʃt'ə – double; ɔmpər, ɔmpərəʃt'ə – carry; tarəN', tarN'əʃt'ə (tarəN't'ə) – draw.³⁴

Aidiacht bhriathartha na mbriathra le hainm briathartha dar críoch ‘-(e)an’ nó ‘-im’

I dtaca le haidiacht bhriathartha na mbriathra le hainm briathartha dar críoch ‘-(e)an’, tugadh samplaí de ‘leagaithe’ agus ‘ligithe’ araon thuas as *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, le Diarmuid Ó Sé. Sa saothar céanna sin faighimid na foirmeacha d’tit’ihí (foirm aidiachta briathartha ‘druidim’, a tugadh roimhe seo thuas)³⁵ agus t’it’ihí (‘titithe’).³⁶ In *Gaeilge Chois Fhairrge*, le Tomás de Bhaldraithe, faighimid na foirmeacha t’it’i:³⁷ agus drit’i: (chomh maith le drit’ə).³⁸ As Iorras Aithneach, Co. na Gaillimhe, tugann Brian Ó Curnáin an fhoirm ‘tuitithe’,³⁹ agus deir:

There are two verbs, druid and baist, which have optional -(h)ə for more regular -(h)i:(hə).⁴⁰

Deir Ruairí Ó hUiginn:

In iarthar Chonamara ní hannamh an fuaimniú /ihə/ le hais /i:/ a bheith le cloisteáil, m.sh. *tit* > /t’it’i:/ nó /t’it’ihə/, /t’it’i:hə/.⁴¹

Ar deireadh, tugann Art Hughes *tuiteadh* mar fhoirm an ainm bhriathartha i Rann na Feirste agus deir go mbíonn ‘claonadh *-adh* /-u/ a chur in áit foirceann eile’ i nGaeilge Uladh.⁴²

³⁴ L. W. Lucas, *op. cit.*, lch 132, §513, mar a n-áirítear roinnt eisceachtaí, chomh maith – *a few [verbs with stems] ending in -l change this to -L't'ə: bəʃLtal, bəʃLtal't'ə – bolt; kəural, kəural't'ə – cover; ka:rdal, ka:rdal't'ə – card; k'əŋəl, k'əŋəl't'ə (k'əŋLəʃt'ə) – tie; mɔskəl, mɔskəl't'ə (mɔskLəʃt'ə) – wake; strahəl, strahəl't'ə – drag.*

³⁵ As Diarmuid Ó Sé, *op. cit.*, lch 318, §584(a).

³⁶ *Ibid.*, lch 172, §373.

³⁷ Tomás de Bhaldraithe, *op. cit.*, lch 162, §351.

³⁸ *Ibid.*, lch 74, §169(iv).

³⁹ Brian Ó Curnáin, *op. cit.*, Iml. I, lch 656, §3.178 – ‘Curtaí buicéad, a mbíodh an tóin tuitithe as, béal-le-haer sa bpoll, agus chuireadh sin tarraingt bhreá sa simléar’.

⁴⁰ *Ibid.*, Iml. II, lch 1061, §5.178(c).

⁴¹ Ruairí Ó hUiginn, *op. cit.*, lch 587, §5.9.

⁴² Art Hughes, *op. cit.*, lch 647, §7.16(e).

Foscúbhinn 8

An Caighdeán Athbhreithnithe agus an dlí

Níor bhain aon reachtaíocht leis an gCaighdeán Oifigiúil go dtí tús na bliana 2013, nuair a ritheadh an tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013.¹ Níl ach cúig alt san Acht gairid sin. Baineann an t-alt deiridh díobhsan le teideal an Achta, leis an tslí a bhfuil sé le lua leis na hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003 go 2012, agus le tosach feidhme an Achta. De réir fho-alt 3 den alt sin, chun go dtiocfadh aon fhoráil den Acht i ngníomh níor mhór don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe² ordú tosach feidhme a dhéanamh ina leith sin:



Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.³

Tugtar an treoir seo a leanas i dtaca lena bhfuil i gceist le ‘tosach feidhme’ in *Bennion on Statutory Interpretation*:

The ‘commencement’ of an Act or portion of an Act is the time when it comes into force.⁴ ... Whatever the day of commencement may be, the Act ‘speaks from that day’.⁵ ... An Act may state that it is to come into force (either wholly or for certain portions only) on such date or dates ... as a specified Minister may by order made by statutory instrument appoint.⁶

Ní dhearna an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tOrdú fán Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013 (Tosach Feidhme), 2013,⁷ go dtí an 10 Meitheamh 2013. Le halt 2 den Ordú sin ceapadh an 14ú lá de

¹ Acht Uimh. 3 de 2013, a shínigh an tUachtarán ina dhlí ar an 26 Feabhra, 2013.

² Ba faoi choimirce an Aire sin – agus ní faoin Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta – a cuireadh an reachtaíocht áirithe sin faoi bhráid Thithe an Oireachtais, cé gurbh é an tAire Stáit ar a raibh cúraimí na Gaeltachta san am, Donncha Mac Fhionnlaoiach T.D., ba mhó a stiúraigh an reachtaíocht trí Thithe an Oireachtais.

³ Alt 5(3) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013 – le haghaidh théacs an Achta ina iomláine féach <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/3/enacted/ga/html>.

⁴ *Op. cit.*, lch 277.

⁵ *Ibid.*, lch 278.

⁶ *Ibid.*, lch 283.

⁷ Ionstraim Reachtuil Uimh. 198 de 2013.

Mheitheamh 2013 mar an lá ar a dtiocfadh an tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013, i ngníomh.⁸ Gabhann an dáta ‘Eanáir 2012’ le réamhrá an Chaighdeáin Athbhreithnithe, mar a ndeirtear go gcuirfeadh Rannóg an Aistriúcháin fáilte roimh thuairimí an phobail faoin gCaighdeán sin agus go ndéanfaí ‘athbhreithniú a bheidh bunaithe ar na tuairimí sin i gceann trí bliana’. Mar sin, bhí leath na saolré a bhí ceaptha a bheith ag rialacha an Chaighdeáin Athbhreithnithe caite faoin tráth ar tugadh feidhm don reachtaíocht faoina raibh athbhreithniú oifigiúil le déanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil. Agus is amhlaidh, chomh maith, go raibh sé mhí caite ó dháta sin Eanáir 2012 faoin tráth ar foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe, ar an 30 Iúil 2012.⁹

Agus an Caighdeán Athbhreithnithe á fhoilsiú acu, d’fhógair Rannóg an Aistriúcháin gurb iad rialacha an Chaighdeáin leasaithe sin a bheadh á gcur i bhfeidhm acu féin¹⁰ – is é sin, go gcuirfí a gcuid rialacha nua i bhfeidhm agus Achtanna an Oireachtais á n-aistriú acu, d’ainneoin gur rialacha iad nach raibh ag teacht leis na rialacha a bhí á gcur i bhfeidhm in Achtanna an Oireachtais le breis is leathchéad bliain roimhe sin, agus go bhféadfadh sé nach mbeidís á gcur i bhfeidhm ach go ceann cúpla bliain, agus go gcinntfí sa chéad athbhreithniú faoin reachtaíocht nua go bhfillfí ar chuid de na seanrialacha. Agus leasú á dhéanamh ar ghnásanna teanga na reachtaíochta, ní mór cuimhneamh ar an tábhacht a ghabhann le fasaigh sa reachtaíocht. Ina theannta sin, is éard a bhíonn i gceist le líon mór de na hAchtanna nua a dhéantar ná forálacha áirithe i sean-Achtanna a leasú, nó forálacha nua a chur leo, agus i gcás leasuithe a bheith déanta ar theanga na reachtaíochta go mbeadh gnásanna teanga nach mbeadh ag teacht le gnásanna na sean-Achtanna á leanúint agus leasuithe á ndéanamh ar na sean-Achtanna sin, agus á gcur isteach sna hAchtanna sin arna leasú.¹¹

⁸ Níl ach dhá alt san Ionstraim ghairid sin – féach <http://www.irishstatutebook.ie/2013/ga/si/0198.html>.

⁹ Féach, mar shampla, <http://www.gaelpost.com/nuacht/Caighdean-athbhreithnithe-don-Ghaeilge/>.

¹⁰ Féach, mar shampla, http://lissuu.com/cnag/docs/nuachtlitir_i_2012_rp.

¹¹ Faighimid léargas ar a bhféadfadh a bheith i gceist ó thaobh ghnásanna teanga i reachtaíocht na Gaeilge de ach breathnú ar ar tharla i gcásanna áirithe nuair a d’éirigh Rannóg an Aistriúcháin as Ionstraimí Reachtúla a aistriú i dtús na nóchaidí agus gur fágadh faoi na Ranna Stáit féin socruithe a dhéanamh chun leaganacha Gaeilge dá gcuid Ionstraimí a chur ar fáil. ‘Ordú na Limistéar Gaeltachta, 1967’, ‘Ordú na Limistéar Gaeltachta, 1974’ agus ‘Ordú na Limistéar Gaeltachta, 1982’ a ghairtear de na hOrduithe a fhaightear in Ionstraimí Reachtúla Uimh. 200 de 1967, Uimh. 192 de 1974 agus Uimh. 350 de 1982, faoi seach, agus tagraítear do ‘limistéirí Ghaeltachta’ in alt 3 de gach ceann de na hOrduithe sin. Is ‘limistéirí Ghaeltachta’ a fhaightear in alt 2 d’Ordú na Limistéirí Ghaeltachta, 1956 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 245 de 1956), roimh theacht i bhfeidhm don Chaighdeán Oifigiúil. Is amhlaidh, áfach, gur ‘ceantair Ghaeltachta’ a fhreagraíonn do *Gaeltacht areas* in Ionstraimí Reachtúla nuair nach raibh Rannóg an Aistriúcháin á n-aistriú. ‘An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2011’ a ghairtear d’Ionstraim Reachtúil Uimh. 599 de 2011, nó *the Placenames (Ceantair Ghaeltachta) Order 2011* as Béarla, agus gairtear

Chomh maith le rialacha an Chaighdeáin Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm ar na leaganacha Gaeilge d'Achtanna an Oireachtais, féachadh le tabhairt ar an gCoiste Téarmaíochta, mar shampla, rialacha an Chaighdeáin sin a chur i bhfeidhm ar na téarmaí a d'fhaomhfadh an Coiste sin.

Expressio unius est exclusio alterius

Faighimid léargas ar chuspóirí an Achta um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013, i dteideal fada an Achta: 'Acht do leasú an Achta um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003 chun feidhmeanna breise a thabhairt do Choimisiún Thithe an Oireachtais; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara'. Ar na feidhmeanna sin a áirítear in alt 3 den Acht tá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil:

Is feidhm de chuid an Choimisiúin an Caighdeán Oifigiúil a athbhreithniú ó am go ham de réir mar is cuí leis, ach uair amháin gach 7 mbliana ar a laghad, agus

'An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004' d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 872 de 2004. Agus faightear an téarma céanna sin sa Nóta Míniúcháin a ghabhann leis an Ordú Logainmneacha (Contae Chorcaí), 2012, a tháinig i ngníomh ar an 9 Deireadh Fómhair 2012: 'Dearbhaítear leis an Ordú seo na leaganacha oifigiúla Gaeilge de logainmneacha Chontae Chorcaí (seachas na ceantair Ghaeltachta)'. Is amhlaidh, áfach, anois go bhfuil Rannóg an Aistriúcháin athchromtha ar Ionstraimí Reachtúla a aistriú – ó tháinig forálacha an Achta um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013, i bhfeidhm – go bhfaighimid an ceannteideal seo a leanas in Ionstraim Reachtúil Uimh. 357 de 2013: 'Critéir Pleanála Teanga do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta' (ceannteideal Chuid 1 den Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um Acht na Gaeltachta, 2012 (Alt 12), 2013).

Ar ndóigh, is 'limistéir' seachas 'ceantair' a fhaightear san alt sin 12 den Acht sin ó 2013 ('Forordóidh an tAire critéir pleanála teanga ... agus beidh aird aige ... ar na nithe sin chun pleananna Gaeilge a cheadú le haghaidh Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta').

Faightear 'limistéir Ghaeltachta' den chéad uair sna hAchtanna in alt 2 den Acht um Thionscail na Gaeltachta (Leasú), 1965: 'ciallaíonn "an Ghaeltacht" na limistéir a mbeidh cinnte de thuras na huair gur limistéir Ghaeltachta iad le hordú faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956' (alt 1 den Acht um Thionscail na Gaeltachta, 1957, arna leasú le halt sin 2 d'Acht sin 1965). Is 'limistéir Ghaeltachta' (i.e., le síneadh fada ar an 'i' tosaigh) atá in Acht na dTithe (Gaeltacht) (Leasú), 1959, agus is 'limistéirí Gaeltachta' atá i bhfo-ailt 1 agus 2 d'alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956. Faightear 'limistéir Ghaeltachta' arís in Acht na dTithe (Gaeltacht) (Leasú), 1967, san Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, san Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, san Acht Oideachais, 1998, agus in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Is do 'ceantair Ghaeltachta' a thagraítear de ghnáth sa scríbhneoireacht lasmuigh de réimse na reachtaíochta agus sa scríbhneoireacht nach mbeadh faoi anáil theanga na reachtaíochta – féach na samplaí seo a leanas i nGaeilge Chonamara, Uladh agus na Mumhan faoi seach as Nua-Chorpas na hÉireann: 'Sna ceantair Ghaeltachta is ar a bhlas nó ar a aghaidh a óltar an t-uisce beatha' (Tomás Ó Máille, *An Béal Beo*), 'oileán stairiúil de Ghaeltacht Thír Chonaill nach gcuimhneodh ach fíor-chorrdhuine air agus na ceantair Ghaeltachta á n-áireamh aige' (Eoghan Ó Colm, *Toraigh na dTonn*) agus 'Tá sé thar a bheith tábhachtach, dar liom, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta agus bhreac-Ghaeltachta, suim an phobail a spreagadh athuair ina dtimpeallacht' (Mícheál Ó Ruairc, *Taisce* 5).

é a athleasú agus a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis i ndiaidh gach athbhreithnithe den sórt sin.

Go bunúsach, fad a bhaineann leis an gCaighdeán Oifigiúil de,¹² leasaítear an tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003, le hAcht 2013 trí cheithre fho-alt nua a chur leis, mar aon le mír nua amháin. Le halt 3 d'Acht 2013 déantar an fheidhm sin thuas i dtaca le hathbhreithniú an Chaighdeáin Oifigiúil a chur isteach mar fho-alt 2F d'alt 4 d'Acht 2003. Cuirtear dhá fho-alt eile, 2G agus 2H, isteach in Acht sin 2003 leis an alt sin 3 d'Acht 2013, chomh maith. I bhfo-alt 2G foráiltear go rachaidh Coimisiún Thithe an Oireachtais i gcomhairle le daoine sonracha agus leis an bpobal i gcoitinne d'fhonn athbhreithniú a sheoladh faoi fho-alt 2F d'Acht 2003.¹³ Le fo-alt 2H déantar an Caighdeán Athbhreithnithe a chur san áireamh sna tagairtí don Chaighdeán Oifigiúil i bhfo-ailt 2F agus 2G:

(2H) Déanfar na tagairtí i bhfo-ailt (2F) agus (2G) don Chaighdeán Oifigiúil a fhorléiriú mar thagairtí don Chaighdeán Oifigiúil mar a athleasaíodh agus mar a foilsíodh go deireanach roimhe seo é.¹⁴

Mar atá ráite thuas, is é an Caighdeán Athbhreithnithe atá i gceist leis an tagairt sin don Chaighdeán Oifigiúil 'mar a athleasaíodh agus mar a foilsíodh go deireanach roimhe seo é'. Is amhlaidh, áfach, go bhfuil tábhacht leis an teorannú sin ar raon feidhme an Chaighdeáin Athbhreithnithe fad a bhaineann le stádas dlí rialacha nua gramadaí an Chaighdeáin sin. Sa mhéid go sonraítear gur sna fo-ailt sin (2F) agus (2G) atá na tagairtí don Chaighdeán Oifigiúil le forléiriú mar thagairtí don Chaighdeán Athbhreithnithe níl an tagairt a dhéantar don Chaighdeán Oifigiúil i

¹² An t-aon ábhar eile a bhfaightear forálacha ina leith san Acht gairid seo ná an socrú maidir le Rannóg an Aistriúcháin d'athchromadh ar Ionstraimí Reachtúla a aistriú (féach an fonóta roimhe seo thuas).

¹³ '(2G) D'fhonn athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil a sheoladh faoi fho-alt (2F), rachaidh an Coimisiún i gcomhairle—

(a) leis na hAire seo a leanas den Rialtas, eadhon—

(i) an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta,

(ii) an tAire Oideachais agus Scileanna, agus

(iii) an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais,

(b) le cibé daoine ag a bhfuil spéis sa Chaighdeán Oifigiúil agus is cuí leis an gCoimisiún, agus

(c) le daoine den phobal i gcoitinne,

agus beidh aird ag an gCoimisiún ar aon aighneachtaí a dhéanfar chuige agus a thig as an gcomhchomhairliúchán sin.'

¹⁴ Tugaim anseo, mar eolas, an ceathrú fo-alt a chuireann Acht 2013 le hAcht 2003 – le halt 4 d'Acht 2013 cuirtear an fo-alt seo a leanas le halt 10A d'Acht 2003: '(2) Féadfaidh an Coimisiún, chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi fho-ailt (2F) go (2H) d'alt 4, cibé daoine is cuí leis, nach comhaltaí den Choimisiún ná comhaltaí d'fhoireann an Choimisiúin agus a bhfuil saineolas agus taithe oiriúnach acu, a cheapadh chun coiste arna bhunú aige faoi fho-alt (1) i dtaca leis na feidhmeanna sin.' Tagrófar arís don choiste sin sa chéad Fhoscríbhinn eile anseo.

mír nua a chuirtear isteach in alt 2 den Acht um Choimisiún Tithe an Oireachtais, 2003, le halt 2 den Acht um Choimisiún Tithe an Oireachtais (Leasú), 2013, le forléiriú mar thagairt don Chaighdeán Athbhreithnithe. Is éard atá sa mhír nua sin ná an ‘míniú’ seo a leanas ar an gCaighdeán Oifigiúil:

ciallaíonn “An Caighdeán Oifigiúil” caighdeán oifigiúil na Gaeilge, arna ullmhú ag Tithe an Oireachtais agus arna fhoilsiú faoi chóipcheart Rialtais, atá le húsáid sa reachtaíocht phríomha agus sa reachtaíocht thánaisteach agus mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge.

Tugtar an treoir seo a leanas maidir lena bhfuil i gceist le ‘míните’ sa reachtaíocht in *Bennion on Statutory Interpretation*:

*Parliament often finds it convenient to lay down limited rules of construction by statute. Whether or not framed as such, these are in essence definitions of some word or phrase, which must then be understood in the stipulated sense.*¹⁵

Ní áirítear an míniú ar ‘An Caighdeán Oifigiúil’ ar na tagairtí don Chaighdeán Oifigiúil sa reachtaíocht atá le forléiriú mar thagairtí don Chaighdeán Athbhreithnithe. Cuimsítear sa nath Laidine *expressio unius est exclusio alterius* (is é sin, ‘ach rud amháin a chur san áireamh tá rud eile á fhágáil as an áireamh’) prionsabal a leantar agus reachtanna á ‘léiriú’ (i.e., an mheabhair cheart á baint astu).¹⁶ Ní áirítear an Caighdeán Athbhreithnithe sa mhíniú a thugtar sa reachtaíocht nua ar an gCaighdeán Oifigiúil. Sa mhéid go luaitear go sonrach go bhfuil an Caighdeán Athbhreithnithe le cur san áireamh i gcás fo-alt eile den reachtaíocht chéanna caithfear glacadh leis gur d’aon ghnó a fágadh an Caighdeán Athbhreithnithe ar lár as an míniú ar an gCaighdeán Oifigiúil. Ina theanna sin, i dtaca leis an tagairt sa mhíniú sin do chaighdeán oifigiúil na Gaeilge ‘arna fhoilsiú faoi chóipcheart Rialtais’, is amhlaidh nár foilsíodh an Caighdeán Athbhreithnithe faoi chóipcheart

¹⁵ Bennion, *op. cit.*, lch 561.

¹⁶ Féach Ruben E. Agpalo, *Statutory Interpretation* (an 5ú heagrán, Mainile, na hOileáin Philipíneacha, 2003), lch 222 (alt 5.22), mar shampla: *It is a settled rule of statutory construction that the express mention of one person, thing, or consequence implies the exclusion of all others. The rule is expressed in the familiar maxim, expressio unius est exclusio alterius.*

Baineann alt 390 de Chód Bennion (thuasluaite) ar léiriú reachtanna leis an bprionsabal seo: *The maxim expressio unius est exclusio alterius (to express one thing is to exclude another) is an aspect of the principle expressum facit cessare tacitum. Known for short as the expressio unius principle, it is applied where a statutory proposition might have covered a number of matters but in fact mentions only some of them. Unless these are mentioned merely as examples, or ex abundanti cautela, or for some other sufficient reason, the rest are taken to be excluded from the proposition (op. cit., alt 390(1), lch 1250).*

I dtaca leis an nath sin *expressum facit cessare tacitum* tugann Murdoch an leagan Béarla seo a leanas de: *When there is express mention of certain things, then anything not mentioned is excluded (Murdoch’s Dictionary of Irish Law, an 5ú heagrán, BÁC 2009, lch 480).*

Rialtais, murab ionann agus na hathchlónna ar an gCaighdeán Oifigiúil a bhí ann roimh fhoilsiú an Chaighdeáin Athbhreithnithe. Mar sin, dealraíonn sé nach bhfuil – ná nach raibh riamh – aon dualgas ar aon duine rialacha nua díséimhithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.¹⁷

Sa mhéid gurbh iad rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil a bhí in úsáid agus Achtanna an Oireachtais á n-aistriú ó 1958 i leith, suas go dtí tráth foilsithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe, is léir ón líon mór sleachta a tugadh sa staidéar seo as Achtanna an Oireachtais i gcaitheamh na mblianta na hathruithe móra a bheadh i gceist ar an nGaeilge sa reachtaíocht de dheasca úsáid a bhaint as rialacha nua díséimhithe an Chaighdeáin Athbhreithnithe agus Achtanna an Oireachtais á n-aistriú. I gcomhthéacs na tábhachta a bhaineann le fasaigh sa reachtaíocht, agus a thábhachtaí atá an comhleanúnachas agus an chinnteacht – nó an easpa débhríochais – i dteanga na reachtaíochta, gan trácht ar an urraim atá ag dul do thraidisiún aistrithe na nAchtanna le breis is leathchéad bliain ó 1958 i leith, ba chríonna an mhaise é cloí leis an gCaighdeán Oifigiúil agus Achtanna an Oireachtais á n-aistriú go tráth foilsithe an chéad Chaighdeán Oifigiúil faoin reachtaíocht nua.

¹⁷ Agus i dtaca leis an gCaighdeán Oifigiúil féin de, féach a ndeir *Bennion on Statutory Interpretation* faoi achtachán a bheith curtha i ‘míniú’: *It is a drafting error (less frequent now than formerly) to incorporate a substantive enactment in a definition. A definition is not expected to have operative effect as an independent enactment. If it is worded in that way, the courts will tend to construe it restrictively and confine it to the proper function of a definition (op cit., lch 565).*

Foscúbhinn 9

Treoir do scríobh na Gaeilge

An chéad Chaighdeán Oifigiúil eile don Ghaeilge, atá á chur i dtoll a chéile faoi láthair – is é sin, an chéad Chaighdeán Oifigiúil a fhoilseofar faoin Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013¹ – ní amháin go mbeidh sé ‘le húsáid sa reachtaíocht phríomha agus sa reachtaíocht thánaisteach’ ach beidh sé ‘le húsáid ... mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge’,² chomh maith. Faoi mar a chonaiceamar san Fhoscúbhinn roimhe seo, le halt 2 den Acht thuasluaite sin cuireadh an ‘míniú’ seo a leanas ar ‘an Caighdeán Oifigiúil’ isteach in alt 2 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003:

ciallaíonn “An Caighdeán Oifigiúil” caighdeán oifigiúil na Gaeilge, arna ullmhú ag Tithe an Oireachtais agus arna fhoilsiú faoi chóipcheart Rialtais, atá le húsáid sa reachtaíocht phríomha agus sa reachtaíocht thánaisteach agus mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge’.³

Athrú suntasach comhfhiosach ar ról an Chaighdeáin Oifigiúil atá laistiar den ‘an’ sin roimh ‘treoir’ sa mhíniú sin ar an gCaighdeán Oifigiúil. Ar theideal-leathanach an chéad Chaighdeáin Oifigiúil Ghaeilge a foilsíodh, *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1945), faightear an teideal iomlán seo a leanas: *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil – arna ullmhú ag Rannóg an Aistriúcháin d’Oifig Thithe an Oireachtais mar threorú do litriú na Gaeilge i ngnóthaí Oifigiúla*. Agus san alt deiridh den réamhrá a ghabhann leis an saothar sin, faightear an abairt seo a leanas:

Is go príomha mar threorú do litriú na Gaeilge i ngnóthaí Oifigiúla do hullmhaíodh an caighdeán atá sa leabhrán so. Socraíodh, áfach, ar é fhoillsiú mar eolas don phobal agus le súil go gcabhródh sé chun litriú na Gaeilge i gcoitinne do chaighdeánú.⁴

Sa réamhrá a ghabhann le *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1958)⁵ scríobhtar gur ‘comhaontaíodh leis an Roinn

¹ Féach an Réamhrá agus an Fhoscúbhinn roimhe seo thuas, Foscúbhinn 8.

² Tabharfar faoi deara nach luíonn an chuid deiridh den abairt sin le gnás na Gaeilge.

³ Beidh feidhm ag an ‘míniú’ sin ní amháin maidir leis an gCaighdeán Oifigiúil atá á chur i dtoll a chéile faoi láthair ach ag gach Caighdeán Oifigiúil a fhoilseofar feasta, ar ndóigh.

⁴ Ní ghabhann aon ainm leis an réamhrá sin – ní bhfaightear i ndeireadh an réamhrá ach ‘Rannóg an Aistriúcháin, Oifig Thithe an Oireachtais, Iúl, 1945’ (ní ghabhann aon ainm leis an réamhrá i gCaighdeán 1953, ach oiread, ná le réamhrá Chaighdeán Oifigiúil 1958, ná le heagrán athbhreithnithe 1960 den Chaighdeán sin [féach Caibidil 17 i dtaca leis an eagrán sin]).

⁵ I dtaca le *Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* (1953), is amhlaidh

Oideachais an leabhrán seo a fhoilsiú mar chaighdeán le haghaidh gnóthaí oifigiúla agus mar threoir do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne'.⁶

Murab ionann agus na Caighdeáin sin, beidh an Caighdeán Oifigiúil faoi Acht 2013 'le húsáid ... mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge', mar a chonaiceamar thuas. Is amhlaidh go raibh baint dhíreach ag *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011) – is é sin, an Caighdeán a cuireadh i dtoll a chéile faoi stiúir Choiste Stiúrtha Roinn na Gaeltachta, sna blianta 2010-2011, ach nár foilsíodh riamh – leis an alt sin a ghabhann roimh 'treoir' (i.e., 'an treoir'), mar a fheicfear anseo thíos.

An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge (2011)

Ar na buanna atá ag *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge*,⁷ tá an tslí a ndéantar idirdhealú i gcásanna áirithe idir na rialacha a

go rabhthas ag lorg tuairimí ón bpobal i gcoitinne ar an gCaighdeán sin sula gcuirfí i bhfeidhm i ngnóthaí Rannóg an Aistriúcháin é:

'Ón uair a foilsíodh an leagan leasaithe de chaighdeán litrithe Rannóg an Aistriúcháin ... sa mbliain 1947, táthar dá iarraidh orainn coitianta leabhrán eile a chur ar fáil don bpobal ina léireofaí caighdeán gramadaí na Rannóige, agus go háirithe an chuid de a bhaineann le díochlaonadh ainmfhocal agus aidiachtaí, le réimniú briathar, agus leis na rialacha a leantar maidir le séimhiú agus urú. Measadh gur mhaith an rud an t-eolas sin a chur ar fáil ach socraíodh gurbh fhearr fanúint go bhfaighfí caoi ar an gcaighdeán ar fad d'athscrúdú. An caighdeán oifigiúil ar ar cinneadh i dtús báire leasáíodh é ó am go ham do réir mar a measadh ba ghá chun é a dhéanamh níos cothroime agus níos rialta, ach le cúpla bliain anuas tá mionscrúdú dá dhéanamh againn ar an scéal ar fad i gcomhairle le scríbhneoirí agus múinteoirí a bhfuil spéis faoi leith acu i gcúrsaí caighdeán agus eolas faoi leith acu ar na fadhbanna a bhaineann leis an obair. De thoradh an athscrúdaithe agus na comhairle sin do haontaíodh ar leasaithe áirithe a dhéanamh ar an gcaighdeán agus ansin an caighdeán leasaithe d'fhoilsiú don bpobal i gcoitinne chun go bhfaighfí a dtuairimí air sara gcuirfí i bhfeidhm i ngnóthaí oifigiúla na Rannóige é.'

⁶ *Op. cit.*, lch viii; cuirtear an-bhéim sa réamhrá sin ar an ngá a bhí le caighdeán do ghramadach na Gaeilge le haghaidh mhúineadh na Gaeilge, agus is amhlaidh go dtráchtar air sin i dtús an réamhrá, sula dtráchtar ar an ngá a bhí le 'caighdeán de chineál éigin le haghaidh gnóthaí oifigiúla' (lch vii). I dtaca leis an Roinn Oideachais de, ní mór cuimhneamh, chomh maith, go raibh Foclóir Béarla-Gaeilge de Bhaldráithe á chur i dtoll a chéile taca an ama sin (foilsíodh an bhliain dár gcionn é, 1959) agus go raibh an Coiste Téarmaíochta faoi chúram na Roinne sin, chomh maith, an tráth sin.

⁷ Sa réamhrá a ghabhann le *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (réamhrá a scríobhadh i Lúnasa 2011), cuirtear síos mar a leanas ar chúla an tsaothair sin:

'D'fhógair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar an 10 Márta 2010 go ndéanfaí athbhreithniú ar *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* de réir cinneadh a rinne an Rialtas i mí na Samhna 2008. Ba é cuspóir an athbhreithnithe grinnscrúdú a dhéanamh ar Chaighdeán 1958 agus é a leasú aon áit ar ghá sin. Is é an caighdeán scríofa a bheadh le cur i bhfeidhm i gcáipéisíocht agus i gcumarsáid phoiblí – i gcáipéisí Ranna Rialtais agus eagraíochtaí stáit, i dtéacsleabhair, sa reachtaíocht, etc. – a bheadh faoi chaibidil san athbhreithniú.

bheadh le cur i bhfeidhm i réimse na reachtaíochta agus na rialacha a bheadh le cur i bhfeidhm lasmuigh den reachtaíocht.⁸ Bhain an grúpa daoine ba mhó a bhí ina mbaill den Choiste Athbhreithnithe a chuir an saothar sin i dtoll a chéile le réimse an oideachais, ón mbunscolaíocht suas go dtí an ollscolaíocht. Bhí fonn láidir ar thromlach na mball sin na rialacha gramadaí ‘a shimpliú’ oiread agus ab fhéidir chun cuidiú le múineadh na Gaeilge, ar gach leibhéal, agus chun cur leis an muinín a bheadh ag daoine astu féin agus Gaeilge á scríobh acu. Bhí cuireadh tugtha ag Aire na Gaeltachta san am d’oifigigh as Rannóg an Aistriúcháin ‘páirt a ghlacadh sa choiste’⁹ sin, ach níor ghlac siad leis. Mar iarbhall de

‘Cheap an tAire coiste ar a raibh daoine as institiúidí a bhíonn ag plé leis na réimsí thuasluaite sin móide saineolaithe teanga as ranna Gaeilge ollscoileanna éagsúla Leagadh cúram cur chun cinn na hoibre ar an Lár-Aonad Aistriúcháin a bunaíodh faoin gcinneadh Rialtais céanna.’

Tráchtar mar a leanas ina dhiaidh sin sa réamhrá sin ar an gcur chuige a bhí ag an gCoiste Stiúrtha:

‘Ba é mian an Choiste, leis an athbhreithniú, go seachnófaí débhríocht, go gcinnteofaí go mbeadh rialacha an Chaighdeán Athbhreithnithe ag teacht leis na foinsí eile gramadaí oiread agus ab fhéidir, go gcuirfí aon ábhar casta i láthair ar bhealach pointeáilte intuigthe agus go dtabharfaí stádas do phatrúin chanúna nár tugadh stádas dóibh i gCaighdeán Oifigiúil 1958. Ba chuige sin a leagadh amach na critéir seo a leanas: an tsoiléireacht, an leanúnachas inmheánach, an tsimplíocht agus aitheantas ar leith a thabhairt do stádas theanga bheo na Gaeltachta.

‘Leagadh amach scóip an phróisis a bhain, a bheag nó a mhór, le neamhréireanna aitheanta idir Caighdeán Oifigiúil 1958, Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill agus *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*. Roghnaigh na comhaltaí na sé réimse ba thábhachtaí a raibh aghaidh le tabhairt orthu sa chéad athbhreithniú ar an gCaighdeán

‘Ceapadh comhaltaí ar fhochoistí chun moltaí a réiteach faoi na sé shainréimse agus iad a chur faoi bhráid an Choiste Stiúrtha lena bhfaomhadh. Cuireadh na moltaí sin faoi bhráid an phobail le linn tréimhsí comhairliúcháin agus lorgaíodh tuairimí ina leith. Bhí sé bhabhta de na tréimhsí comhairliúcháin sin ann chun teacht leis na sé réimse a bhí idir chamáin. Cuireadh aighneachtaí agus tuairimí an phobail faoi bhráid an Choiste lena gciallú agus le leasuithe a dhéanamh ar na moltaí bunaidh dá mbarr dá mba ghá sin.

‘Nuair a bhí na tréimhsí comhairliúcháin thart eagraíodh tréimhse thástála inar cuireadh na cinnítí a bhí aontaithe i bprionsabal ag an gCoiste Stiúrtha chuig páirtithe leasmhara i gcoláistí tríú leibhéal, comhlachtaí foilsitheoireachta, fóraim aistriúcháin agus sna meáin. Iarradh ar na páirtithe leasmhara sin na rialacha leasaithe a chur i bhfeidhm ar a gcuid oibre agus neamhréireanna sa saothar a chur ar a súile do chomhaltaí an choiste. Ba i ndiaidh na hatha sin a rinne comhaltaí an Choiste an scrúdú deiridh ar an saothar.’

⁸ Féach an chéad Fhoscríbhinn eile, Foscríbhinn 10, mar a gcuirtear síos ar na cásanna ba mhó ina ndéantar an t-idirthealú sin.

⁹ Féach an leagan athbhreithnithe atá foilsithe ar shuíomh Thithe an Oireachtais den óráid a thug an t-iar-Aire Gaeltachta, Éamon Ó Cuív T.D. – arbh é a thionóil an Coiste Stiúrtha – sa díospóireacht Dála ar an 21 Samhain 2012, agus an reachtaíocht a bhain le Rannóg an Aistriúcháin do dhul i mbun athbhreithnithe tréimhsiúla ar an gCaighdeán Oifigiúil curtha faoi bhráid na Dála ag Aire Stáit na Gaeltachta san am:

‘I mí Márta 2010, rinne an Rialtas deiridh cinneadh coiste stiúrtha a bhunú chun athbhreithniú ar Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge a dhéanamh. Socraíodh go mbeadh an

Rannóg an Aistriúcháin, agus mar státseirbhíseach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais arb é mo phríomhchúram rialacha cúirte in Ionstraimí Reachtúla, a fhoilsíonn an Roinn sin, a aistriú go Gaeilge, bhraitheas go raibh freagracht ar leith orm – mar bhall den Choiste sin, ar cuireadh ó Aire na Gaeltachta san am – deimhin a dhéanamh de go bhfaigheadh reachtaíocht na Gaeilge, agus gnásanna seanbhunaithe sa réimse sin, a gceart sa Chaighdeán nua a bhí á réiteach ag an gCoiste. Ós dual do theanga na reachtaíochta a bheith coimeádach, agus na fasaigh a leanúint, i gcás rialacha áirithe gramadaí a raibh faoin gCoiste iad a leasú d’áitíos, agus chuireas aighneachtaí faoi bhráid an Choiste ag cur le m’áiteamh, go raibh sé tábhachtach na rialacha sin a choinneáil mar a bhí sa Chaighdeán Oifigiúil i gcás réimse na reachtaíochta.¹⁰ Nuair a bhí ag méadú ar

Rialtas amháin freagrach as an gcaighdeán. ... Bhí sé mar aidhm againn go mbeadh na dreamanna ar fad a bhaineann leas as an gCaighdeán Oifigiúil timpeall an bhoird nuair a bheadh an t-athbhreithniú ar an gcaighdeán ar siúl. Bhíomar ag súil freisin go mbeadh an caighdeán inúsáidte i rith ghnáth-obair an lae, seachas caighdeán a bheadh feiliúnach do chúrsaí aistriúcháin an Oireachtais amháin. I gcás teanga ar bith, ba cheart go mbeadh an caighdeán mar uirlis ag an bpobal, seachas na saineolaithe amháin.

‘Ar an ábhar sin, bhunaíomar coiste ar a raibh ionadaíocht ag na spéiseanna éagsúla ar fad a theastódh uainn i gcomthéacs aon athbhreithniú ar an gcaighdeán. Bhí saineolaithe teanga, aistritheoirí, ionadaithe ó Fhoras na Gaeilge a bhíonn ag plé le foclóireacht agus téarmaíocht, daoine ón nGaeltacht, daoine a bhfuil cleachtadh acu bheith ag múineadh na Gaeilge do dhaoine ón nGalltacht agus daoine ó na meáin a úsáideann an teanga gach lá ar an gcoiste. ... Is ceart go mbeadh an Ghaeilge oifigiúil caighdeánach á húsáid ag na daoine seo go léir. Tugadh cuireadh d’oifigigh as Rannóg an Aistriúcháin an Oireachtais páirt a ghlacadh sa choiste seo. Dhiúltaigh siad glacadh leis an gcuireadh sin....

‘Tá a fhios ag an Aire Stáit gur thosaigh an coiste a chuid oibre ar bhealach meáite. Chuaigh siad i gcomhairle leis an bpobal ag gach céim den phróiseas. Chríochnaigh siad an saothar i mbliana. In ionad an obair sin a fhoilsiú, tá an tAire Stáit tar éis é a chur sa reoiteoir. Cé go raibh dream thar a bheith saineolaíoch i gceist – bhí na spéiseanna éagsúla ar fad clúdaithe – níl sé sásta an obair a rinne siad a fhoilsiú, fiú. Idir an dá linn, shocraigh Rannóg an Aistriúcháin an Oireachtais ar chaighdeán eile a thiomsú, beag beann ar chinneadh an Rialtais. Cá bhfuair siad an fhoireann? Cá bhfuair siad an t-am chun é sin a dhéanamh? Cén fáth a raibh an dúbláil seo ar bun acu? Bhí coiste eile ceaptha ag an Rialtas chun an obair seo a dhéanamh.... Ag an am céanna, bhí an dream seo in ann tabhairt faoi chaighdeán a réiteach, sa bhreis ar an gcaighdeán a bhí á dhéanamh ag coiste a bhí ceaptha go ceart agus go cóir Níor leag an dream seo amach an bunús ar a bhíodar ag obair ar an gcaighdeán, rud a bhí déanta ag an gcoiste a bhí ceaptha ag an Rialtas....’

(<http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail2012112100040?opendocument>)

Cé nár ghlac Rannóg an Aistriúcháin páirt in athbhreithniú an Choiste, is amhlaidh go raibh teacht acu ar mholtaí an Choiste, ag gach céim den athbhreithniú – mar a bhí ag an bpobal i gcoitinne – agus chuir an Coiste dréacht iomlán den Chaighdeán arna athbhreithniú ag an gCoiste faoi bhráid na Rannóige go foirmiúil roimh lár na bliana 2011; bhí Cathaoirleach an Choiste tar éis roinnt iarrachtaí a dhéanamh roimhe sin chun an Rannóg a mhealladh le páirt a ghlacadh in athbhreithniú an Choiste.

¹⁰ Tugtar cúig cinn de na haighneachtaí sin i bhFoscúibhinní 11-14 leis an staidéar seo, mar léiriú ar na rialacha teanga a bhí i gceist agus mar áis don athbhreithniú reatha agus d’athbhreithnithe amach anseo ar an gCaighdeán Oifigiúil.



Baill den Choiste Stiúrtha ar an Athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil, mar aon le beirt bhall de Lár-Aonad Aistriúcháin Roinn na Gaeltachta (a d'fheidhmigh i gcáil rúnaithe ar an gCoiste le linn an phróisis), díreach tar éis an chruinnithe dheireanaigh den Choiste ar an 15 Meitheamh 2011 (ó chlé): an Dr Caoilfhionn Nic Pháidín (Fiontar), an Dr Pádraig Ó Mianáin (Eagarthóir, an *Foclóir nua Béarla-Gaeilge*), Aoife Ní Chonchúir (oide, Corca Dhuibhne), Seosamh Ó Murchú (Príomh-Eagarthóir, An Gúm), Áine Ní Dhíoraí (Raidió na Gaeltachta, Na Doirí Beaga), an tOllamh Liam Mac Mathúna (Coláiste na hOllscoile, BÁC), Éamonn Murtagh (An Roinn Oideachais), Maeve Eason agus Shanna Ní Rabhartaigh (Roinn na Gaeltachta, rúnaithe), Róisín Ní Mhianáin (eagarthóir in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge), Tomás Ó Ruairc (Roinn na Gaeltachta, Cathaoirleach), an Dr Micheál Ó Cearúil (An Roinn Dlí agus Cirt), an tOllamh Dónall Ó Baoill (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) agus Nóilín Ní Iarnáin (Roinn na Gaeltachta).¹¹

líon na n-áiteanna a raibh rogha á tabhairt i dtaca leis na rialacha de, de réir an réimse a bhí i gceist i gcásanna áirithe agus chun freastal ar na canúintí éagsúla i gcásanna eile, d'éirigh sé níos deacra an fód a sheasamh i leith gnásanna áirithe sa reachtaíocht – cinn a bhain leis an nginideach ach go háirithe – agus lean an t-áiteamh ar na rialacha áirithe sin go dtí an cruinniú deiridh den Choiste. Lorgaíos aighneachtaí i scríbhinn le haghaidh an chruinnithe sin ó shaineolaithe teangeolaíochta agus Gaeilge nár bhaill den Choiste iad lena gcur faoi bhráid na mball ar cheist sin na réimeanna teanga i gcomhthéacs an Chaighdeáin Oifigiúil agus tugadh toradh ar na haighneachtaí céanna sin.¹²

¹¹ Ar na baill eile a bhí ar an gCoiste (ar feadh coda den phróiseas, i gcásanna áirithe) bhí Breandán Delap (TG4), an tOllamh Gearóid Denvir (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh), Bríd Ní Choincheanainn (Príomhoide), Áine Ní Chonghaile (Europus), Fidelma Ní Ghallchobhair (An Coiste Téarmaíochta), Pádhraic Ó Ciardha (Leas-Cheannaire TG4), Liam Ó Cuinneagáin (Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta), Dónal Ó hAiniféin (Príomhoide), Pól Ó Muirí (*Irish Times*), an tOllamh Alan Titley (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) agus Máire Uí Dhufaigh (comhordaitheoir 'Séideán Sí'); de bhreis ar dhaoine de na baill thuasainmnithe, bhí Dáithí Mac Cárthaigh, Máire Ní Neachtain, Séamus Ó Coileáin, Lochlainn Ó Tuairisg agus Donla uí Bhraonáin ina mbaill d'fhochoistí an Choiste Stiúrtha.

¹² Ós rud é gurbh í ceist sin roghanna a thabhairt sa Chaighdeán Oifigiúil – ag brath ar an réim teanga a bhí i gceist, agus ar chúrsaí canúna i gcás scríobh na Gaeilge lasmuigh de réimse na reachtaíochta – an dara ceist ba mhó ar thug an Coiste aghaidh uirthi, i ndiaidh cheist an tséimhite ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach, tugtar, i bhFoscíbhinn 15, sleachta as ar scríobh daoine d'údair na n-aighneachtaí sin. Is leis an gcinneadh a rinne an Coiste ar na haighneachtaí sin ó na saineolaithe teangeolaíochta agus Gaeilge sin a cuireadh clabhsúr ar obair an Choiste, ar an 15 Meitheamh 2011, agus is díreach ina dhiaidh sin a glacadh

Le *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge*, mar sin, a bhí curtha i dtoll a chéile faoi Lúnasa 2011, bhí, den chéad uair riamh i stair na Nua-Ghaeilge, daoine a bhain le réimsí éagsúla ó thaobh scríobh na Gaeilge de tar éis comhaontú ar shraith rialacha do scríobh na teanga, agus bhí bonn leagtha faoi athbhreithnithe a bhí le déanamh ar bhonn leanúnach ar na rialacha sin, chomh maith. Ina theannta sin, bhí deis tugtha don phobal i gcoitinne páirt a ghlacadh sa phróiseas athbhreithnithe sin agus aird tugtha ar a gcuid moltaí.

Bhíothas tar éis rialacha a cheadú sa Chaighdeán nua sin nach raibh chomh docht leis na rialacha do réimse na reachtaíochta i gcás na réimsí eile lasmuigh den reachtaíocht – leaganacha ar léir ón mbrú ó fhorhmór mór bhaill an Choiste, agus ó aighneachtaí ón bpobal i gcoitinne, gurbh iadsan a bhí ag teastáil uathu. Ba ríléir go mbeadh baill Choiste Stiúrtha an Athbhreithnithe gortaithe agus feargach in éineacht, agus go mbeadh easaontas mór i measc lucht scríofa na Gaeilge, mar aon le mímhúinín as an gCaighdeán Oifigiúil, de dheasca chinneadh an Rialtais nua thart ar lár 2011 – cinneadh nach raibh fógartha go poiblí fós – an leagan nua comhaontaithe sin den Chaighdeán Oifigiúil a chur i leataobh agus leagan eile ar fad a bhí dréachtaithe ag Rannóg an Aistriúcháin a fhoilsiú ina áit.¹³

an grianghraf a thugtar anseo de na baill den Choiste a bhí i láthair ar scor don chruinniú sin den Choiste, mar aon le beirt bhall de Lár-Aonad Aistriúcháin Roinn na Gaeltachta a bhí tar éis feidhmiú i gcáil rúnaithe ar an gCoiste le linn an phróisis.

¹³ Bhí Comhrialtas nua ann ó Mhárta 2011; bhí faoin Rialtas nua cinneadh eile de chuid an tsean-Rialtais a aisiompú, chomh maith, is é sin, in áit aistritheoirí Rannóg an Aistriúcháin a aistriú isteach sa Lár-Aonad Aistriúcháin i Roinn na Gaeltachta, agus an Lár-Aonad sin do dhul i mbun Ionstraimí Reachtúla agus Achtanna an Oireachtais araon a aistriú go Gaeilge, go rachadh aistritheoirí an Lár-Aonaid isteach sa Rannóg sin de chuid Thithe an Oireachtais agus go n-athchroimfadh an Rannóg ar Ionstraimí Reachtúla a aistriú (a bhíodh á n-aistriú acu ó bunaíodh an Stát go dtí tús na nóchaidí), chomh maith le leanúint orthu ag aistriú na nAchtanna – faoi mar a chonaiceamar i bhFoscábhinn 8, rinneadh socrú maidir leis an Rannóg d'athchromadh ar Ionstraimí Reachtúla a aistriú san Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013, i dteannta socrú a dhéanamh maidir leis an gCaighdeán Oifigiúil.

Tá *They wouldn't, would they?* mar theideal ar alt le Seán Tadhg Ó Gairbhí a d'fhoilsigh an *Irish Times* ar an 15 Iúil 2014 ar an Taoiseach do cheapadh Teachta Dála ar maíodh é a bheith ar bheagán Gaeilge ina Aire Stáit don Ghaeltacht, agus tugann an teideal agus an t-alt araon léargas ar chás bhaill Choiste Roinn na Gaeltachta arna chlos dóibh faoi chinneadh an Rialtais a gcuid oibre a chur i leataobh agus Caighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin a fhoilsiú.

Tugann alt a scríobh Fidelma Ní Ghallchobhair, ball de Choiste Stiúrtha Roinn na Gaeltachta, don iris ar-líne *Beo!* (Samhain 2012), léargas ar an tslí ar ghlac daoine áirithe leis gur cúrsaí polaitíochta – polaitíocht na bpáirtithe – a bhí laistiar den chinneadh gan Caighdeán Choiste Roinn na Gaeltachta a fhoilsiú, ar lámh amháin, agus Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin a fhoilsiú ar an lámh eile: ‘... Bhí athrú rialtais ann i Márta 2011 – agus athrú poirt faoin eagrán nua den chaighdeán. Tar éis scor an Choiste, bhí ráflaí ag dul thart go raibh an t-aonad aistriúcháin le scor agus a fhoireann le haistriú isteach i Rannóg an Aistriúcháin, agus go raibh an cháipéis a d’ullmhaigh an Coiste le bronnadh ar an Rannóg agus gurbh í a bheadh freagrach as a fhoilsiú (nó gan a fhoilsiú). Tharla na rudaí sin, agus

Cé nach raibh radharc faighte agam ar shaothar athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin san am,¹⁴ rinneas talamh slán de gur athbhreithniú ‘coimeádach’ a bheadh curtha i gcrích acu, dírithe ar leasuithe teicniúla ar rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil chun freastal ar aistriú na reachtaíochta, bunaithe ar thaithí na Rannóige i mbun aistriú Achtanna an Oireachtais ó 1958 i leith, agus go mbeadh na rialacha féin níos dílse don Chaighdeán Oifigiúil ná mar a bhí na rialacha i gcoitinne in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge*.¹⁵ Mholas comhréiteach a rachadh chun tairbhe don teanga agus a chosnódh í ón gcoimhlint a chothódh cinneadh an Rialtais Caighdeán Oifigiúil arna leasú go poiblí ag Coiste ar a raibh ollúna le Gaeilge a chur i leataobh ar mhaithe le Caighdeán Oifigiúil neamhfhógartha arna leasú go neamhspleách ar an leasú eile, gan aon phróiseas poiblí comhchomhairliúcháin, ag aistritheoirí a bhí ag obair do Choimisiún Thithe an Oireachtais. Is é an comhréiteach a mholas ná go

níor tháinig éinne i dteagmháil le baill an Choiste ina dhiaidh sin.’ Dar le Robert Lindsey, ó Ollscoil Melbourne, ‘*At worst, this appears to be a clumsy attempt by the incumbent Irish government to take credit for the revision of the Caighdeán*’ (‘*No one will be marching on the streets, but [...]*’, san *Australian Celtic Journal*, Iml. 12, 2014, lch 17).

- ¹⁴ Ní raibh fáil ag an bpobal ar Chaighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin go dtí an 31 Iúil 2012; é sin ráite, dealraíonn sé gurbh ann dó ar feadh tamaill roimhe sin. Sula raibh sé ar fáil go poiblí tugadh cóip de do Stiúrthóir Lár-Aonad an Aistriúcháin de chuid Roinn na Gaeltachta agus chuir an tAonad sin na rialacha sa Chaighdeán Athbhreithnithe i gcomórtas leis na rialacha a bhí leagtha amach ag Coiste Stiúrtha Roinn na Gaeltachta agus rinne siad amach go raibh 70%, nó os a chionn sin, de rialacha an dá Chaighdeán ag teacht le chéile; ar ndóigh, bheifeá ag súil le roinnt mhaith comhaontais eatarthu, tharla gurbh é an Caighdeán Oifigiúil céanna a bhí faoi athbhreithniú, ach is léir anois go mbaineann an neamhionannas is mó idir an dá Chaighdeán athbhreithnithe le rialacha an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach – agus, go híorónta, i bhfianaise an staidéir seo, caithfidh sé gur cuireadh béim ar na rialacha sin agus cás á dhéanamh leis an Taoiseach go bhfoileofaí Caighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin de rogha ar an gCaighdeán arna athbhreithniú ag Coiste Roinn na Gaeltachta.
- ¹⁵ Níor mhiste a rá anseo go raibh an Coiste Athbhreithnithe sásta cloí nach mór i gcónaí le rialacha Chaighdeán 1958 le haghaidh réimse na reachtaíochta nuair a áitíodh gur cheart sin a dhéanamh – eisceacht ba ea riail an díséimhithe i gcás aidiachta le hainmfhocal a raibh uimhir ag gabháil leis; moladh go leanfaí an patrún seo a leanas i réimse na reachtaíochta:

Nuair a bhíonn an t-ainmfhocal san uatha, bíonn an aidiacht san ainmneach uatha:

(a) séimhithe más ainmfhocal baininsneach an t-ainmfhocal;

(b) gan aon athrú tosaigh más ainmfhocal firinsneach an t-ainmfhocal.

An chéad dá shampla a thugtar ná ‘dhá mhála mór’ agus ‘dhá sheilf mhór’. Tá an aighneacht a chuireas faoi bhráid an Choiste Stiúrtha i dtaca leis an moladh sin tugtha i bhFoscáil 13 – mar a tharlaíonn, agus an staidéar seo á chur i gcrích agam, chualas ‘Tá dhá ghabhairín bhúi agam’ á chanadh ag páiste scoile ar Raidió na Gaeltachta! Léiríú ar cé chomh daingean is a bhí baill an Choiste i gcoinne an tséimhithe i ndiaidh ainmfhocail fhirinsneigh sa chás sin nach raibh siad sásta glacadh leis an séimhiú sin fiú i réimse na reachtaíochta – ní raibh sé ag teacht leis an teanga bheo, dar leo, agus bhí sé deacair riail mar sin a mhúineadh do dhaltaí. Is amhlaidh, ar an lámh eile, nach n-áirítear an leagan díséimhithe sin ar chor ar bith i gCaighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin.

bhfoilseofaí leagan de shaothar an Choiste, leis na rialacha a bhain go sonrach le réimse na reachtaíochta fágtha ar lár, agus gurbh é a bheadh ann norm molta do scríobh na Gaeilge lasmuigh de réimse na reachtaíochta, agus go mbeadh leagan athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin ina chaighdeán do scríobh na Gaeilge i réimse na reachtaíochta. D'fhágfadh sin go mbeadh, den chéad uair riamh i stair na Nua-Ghaeilge, rialacha molta ar fáil mar threoir do scríobh na Gaeilge i réimsí lasmuigh den reachtaíocht a mbeadh ionadaithe ó lucht múinte na Gaeilge ar gach leibhéal tar éis comhaontú leo.

Norm molta do Scríobh na Gaeilge

Rinneas talamh slán de, ach a mbreathnófaí ar rialacha an Choiste, agus ach a dtuigfí (*a*) nach raibh an Coiste ag iarraidh go ndéanfaí na rialacha gramadaí nua a bhí ceaptha acusan chun múineadh na Gaeilge a éascú a chur i bhfeidhm ó thaobh aistriú na reachtaíochta de, agus (*b*) fiúntas na hoibre a bhí curtha i gcrích ag an gCoiste,¹⁶ go mbeifí lánsásta saothar na Rannóige agus saothar an Choiste a fhoilsiú in éineacht, dá bhféadfaí sin a dhéanamh. Thuigeas, san am céanna, go mbeadh mearathal ar dhaoine dá mbeadh dhá Chaighdeán Oifigiúla ann. Ag cuimhneamh dom ar a ndeireadh an tOllamh Máirtín Ó Murchú faoin gCaighdeán Oifigiúil, gur ‘norm’ seachas ‘caighdeán’ a bhí ann,¹⁷ mholas go

¹⁶ Mar léiriú ar leasuithe ginearálta a rinne an Coiste sin ar an gCaighdeán Oifigiúil, is é sin, leasuithe nár bhain go sonrach le rialacha d’aistriú na reachtaíochta, tugtar i bhFoscábhinn 14 a ghabhann leis seo léargas ar dhá leasú éagsúla ar an gCaighdeán Oifigiúil a thionscnaíod mar bhall den Choiste sin – baineann an chéad leasú díobhsan le roinnt ainmfhocal a maítear sa Chaighdeán Oifigiúil nach gcailleann siad an *t-a* deiridh de ghnáth sa ghinideach iolra.

¹⁷ Féach Foscábhinn 15 leis seo thíos, mar a dtugtar sleachta as nóta a scríobh an tOllamh Ó Murchú, agus go háirithe an méid seo a leanas sa chomhthéacs seo:

‘Is í an fhírinne nach bhfuil caighdeán, i gcéill chruinn na sochtheangeolaíochta, bunaithe sa Nua-Ghaeilge. Ar na saintréithe caighdeáin nach bhfuil ag an gCaighdeán Oifigiúil, tá é a bheith á ghnáthú ag mór-aicme éigin de phobal na teanga; níltear tar éis glacadh forleathan go leor in aon chor leis an gCaighdeán Oifigiúil chun gurbh fhéidir ‘caighdeán’ sa chéill is cruinne a thabhairt air. Go teicniúil, is é atá ann ná norm atá a bheag nó a mhór dlite i gcáipéisí Stáit, agus a bhfuil sain-aicme lánoilte ar é a úsáid chuige sin...

‘Áiríonn sochtheangeolaithe gurb í buaic na ceannasachta d’aon teanga í a bheith in úsáid choitianta sna heolaíochtaí, sa reachtaíocht, agus i ngnóthaí Stáit. Mar a tharla, tá an Ghaeilge, i bhfoirm an Chaighdeáin Oifigiúil, suite cuíosach deimhnitheach faoi láthair i gcuid an Stáit den réimse sin. Is é an réimse a áirítear a bheith díreach laistíos den bhuaic sin ar an scála ceannasachta ná í a bheith in úsáid bhunaithe sa phrós tráchtairreachta. B’fhéidir gurb iad an aicme is mó a chleachtann an próis sin i nGaeilge ná an lucht léinn, agus is iad sin, dá bhfuil de scríbhneoirí Gaeilge ann, is lú a ghéilleann don Chaighdeán Oifigiúil, rud a lagaíonn go mór ar a cheart chun an teideal ‘caighdeán’ sa chéill is cruinne. Tá próis tráchtairreachta thairis sin ann, dar ndóigh, agus is nós d’fhoilsitheoirí áirithe iarracht a dhéanamh ar é a bheith de réir an Chaighdeáin Oifigiúil. I gcoitinne, áfach, níl an Caighdeán Oifigiúil ar bhonn slán sa réimse.

‘... Gan amhras, tá gá le norm teagaisc sa chás nach bhfuil a leithéid ann cheana féin.

‘... De thoradh iarrachtaí na nglúnta a chuaigh romhainn, tá norm Gaeilge bunaithe sa reachtaíocht agus in imeachtaí Stáit; tá norm leathbhunaithe sa phrós tráchtairreachta; ní dócha

bhfoilseofaí Caighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin agus Caighdeán Athbhreithnithe an Choiste i gcomhthráth le chéile chun freastal ar réimse na reachtaíochta agus ar na réimsí lasmuigh den reachtaíocht faoi seach, agus go mbeadh ‘Norm molta do Scríobh na Gaeilge lasmuigh den reachtaíocht’¹⁸ mar theideal ar Chaighdeán Athbhreithnithe an Choiste.

Ag cruinniú den Choiste Idir-Rannach ar an Straitéis 20 Bliain don Gaeilge, ar an 8 Feabhra 2012, faoi chathaoirleacht Aire Stáit na Gaeltachta san am, chuireas an cás ar son an Choiste sin do chur an mholta sin faoi na foilseacháin chomhuaineacha chomhlántacha faoi bhráid Fhochoiste Gaeilge na Comh-Aireachta, faoi chathaoirleacht an Taoisigh.¹⁹ D’fhilleas ar mholadh sin an noirm i

nach bhfuil norm praiticiúil teagaisc á leanúint sa bhunscolaíocht agus sa mheánscolaíocht.’

¹⁸ Seo a leanas sainmhíniú amháin ar ‘norm’: ... *a standard practice in speech or writing. The ‘norm’ in question may apply to groups of varying size within a speech community, or to the community as a whole.... Often, the norms of different groups conflict* (David Crystal, *Dictionary of Linguistics and Phonetics*, Blackwell, 6ú heagrán, 2008, lch 332).

Is féidir an sainmhíniú sin ar ‘norm’ a chur i gcomórtas leis an sainmhíniú seo a leanas ar *standard language*: ... *the historically legitimated, panregional, oral and written language form of the social middle or upper class.... Because it functions as the public means of communication, it is subject to extensive normalization ..., which is controlled and passed on via the public media and institutions, but above all through the school systems. Command of the standard language is the goal of formal language instruction.* (Hadumod Bussmann, *Routledge Dictionary of language and linguistics* (2006, lch 1117). Táim faoi chomaoin ag an Ollamh Ó Murchú as an dá shainmhíniú sin thuas a thabhairt dom.

¹⁹ Seo a leanas sleachta as an ráiteas Béarla a léas amach ag an gcruinniú sin – faoi mar atá curtha in iúl agam cheana féin thuas, ní raibh aon radharc faighte agam ar Chaighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin ag an tráth seo:

We have a great opportunity here today to promote the written language. Rannóg an Aistriúcháin, the Translation Section of the Houses of the Oireachtas, are to bring out a revised edition of the Official Standard. ... That Standard, however, is only for legislation. As it happens, there is also to hand a set of rules for written Irish which could be used as a guide for writing Irish outside of legislation. These two complementary sets of rules should be published at the same time for the overall benefit of the written language.

Legislation makes up a small and very specialized part of the written language. The Irish in textbooks, newspapers and correspondence, to give but a few examples, is of a different register. The greatest need is for an authoritative guide to writing that non-legal language.

In 2010 the Department of the Gaeltacht set up a Committee to revise the Official Standard for Irish. It was made up of representatives of a broad range of writers of the non-legal language – the Professors of Irish in the four major Universities; teachers, journalists, translators, etc. While they were brought together to revise the Standard employed in the translation of legislation, they focussed almost entirely on drafting rules for Irish in schools, universities and the media. ... Presenting the rules as drafted by that Committee as a norm for written Irish outside of legislation would be the most innovative contribution to the promotion of Irish writing since the publication of the original Official Standard for the language in 1958. ... the work is already done. The only cost involved is in the publication of the work as slightly amended to introduce it as a guide for non-legal Irish writing. And the publication itself would be the biggest selling Irish publication for a number of years to come, thereby generating revenue for the State.

litir chumhdaigh a ghabh le hábhar a bhí á chur agam chuig an Aire Stáit i ndiaidh an chruinnithe sin mar, faoi mar a dúras sa litir, ‘... nuair a rinne an Rialtas a gcinneadh anuraidh an Caighdeán Oifigiúil arna athbhreithniú ag Rannóg an Aistriúcháin a fhoilsiú, mheas siad nach raibh aon rogha acu ach an obair a bhí déanta ag Coiste Roinn na Gaeltachta ar an gCaighdeán a chur i leataobh’.²⁰ An rud a bhí á thairiscint agamsa, a dúras, ná rogha eile – ‘leathanach amháin a chur leis an obair sin, á cur i láthair mar “Norm Molta do Scríobh na Gaeilge lasmuigh den Reachtaíocht”’ agus go mbeadh ansin ‘lámhleabhar ar láimh do scríobh na Gaeilge i ngach réimse lasmuigh den reachtaíocht.’ Ar iarratas uaim, bhí beirt de na hOllúna Gaeilge a bhí ina mbaill den Choiste Stiúrtha ar an Athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil, mar aon le hOllamh le Gaeilge nach raibh aon bhaint aige leis an gCoiste, réidh le labhairt leis an bhFochoiste Comh-Aireachta, nó le hoifigigh i Roinn an Taoisigh agus / nó i Roinn na Gaeltachta, maidir leis an moladh sin. Ní bhfuair siad an deis sin, áfach.²¹ Ní amháin nár géilleadh do

This Committee will have done a worthy service to the Irish language if it makes known to An Taoiseach and the Cabinet Subcommittee on the Irish language the opportunity that has presented itself of publishing a proposed or recommended norm for written Irish outside of legislation ... at the same time as the new revised Standard for legislation (An Caighdeán Oifigiúil) is being published. I am certain that, if they were made aware of this opportunity, they would recognise its potential....

²⁰ Chuir Roinn na Gaeltachta cuid den chomhfhreagras uaim i dtaca leis an ábhar seo ar fáil do TG4 faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, nuair a lorgaíodh cáipéisí uathu a bhain leis an bplé ar na cúrsaí seo – is amhlaidh, áfach, gur dhiúltaigh siad cóip den Chaighdeán a bhí athbhreithnithe ag an gCoiste Stiúrtha faoi choimirce na Roinne, *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge*, a chur ar fáil dóibh faoin reachtaíocht sin ar an mbonn seo a leanas, a cuireadh in iúl i scríbhinn: ‘Níl sé ar leasa an phobail scaoileadh leis mar go gcruthódh sé doiléireacht maidir le focal scríofa na Gaeilge’.

²¹ I litir chuig ionadaí Roinn an Taoisigh ar an gCoiste Idir-Rannach san am, scríobhas mar a leanas (arís, ní raibh aon radharc faighte agam fós ar Chaighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin tráth scríofa na litreach):

It is widely understood that the Taoiseach has directed that the rules for written Irish as revised by a Committee made up of representatives of the various stake-holders in the language ... be put aside in favour of the rules as revised by the Translation Section of the Houses of the Oireachtas. While that initiative is to be welcomed in safeguarding the language in the translation of legislation it will, unfortunately, not have a positive impact on the majority of those who write Irish. The setting aside of the Committee’s rules will act unwittingly to undermine and weaken further the position of the Irish language in all spheres outside of legislation.

An extension of the Taoiseach’s initiative, however, complementing that initiative, would have the potential for a dynamic contribution to the advancement of the language – that is, to also issue the rules as revised by all the other stake-holders in the language as a guide or norm for the multiplicity of areas of written Irish outside of legislation, thereby providing two complimentary sets of rules for writing in Irish, in both legal and non-legal registers.

Thráchtas ar an gcúlra a bhain le caighdeánú oifigiúil na Gaeilge sa litir sin ansin – arís ní raibh aon radharc faighte agam ar Chaighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin tráth scríofa na litreach:

m'iarracht go ndéanfaí an moladh sin faoi Chaighdeán an Choiste a fhoilsiú mar norm do scríobh na Gaeilge lasmuigh den reachtaíocht a chur faoi bhráid an Taoisigh, nó fú go n-éistfí le toscaireacht faoi,²² ach is amhlaidh gur leasaíodh an

The standardization of any language is a political issue. In the case of Irish, it was Taoiseach Éamon de Valera who, over a half century ago, requested the Translation Section of the Houses of the Oireachtas to prepare an Official Standard for Irish, following the failure of a committee of scholars appointed by him to reach agreement on rules for written Irish in official documents. Unlike that committee, however, the Committee established by the previous Government to review the Official Standard – which Committee included both scholars and representatives of the teaching sector and Gaeltacht communities in particular – has succeeded in reaching a consensus on a revised set of rules for written Irish.



As a member of that Committee, I greatly welcome the Taoiseach's intervention in safeguarding the conservative language necessary in legislation. I had defended those conservative rules for the translation of legislation at meetings of the Committee. In so doing, however, I witnessed the fervour of the members of that Committee in general for rules for the written language which would be more in line with spoken Irish in the great many areas in which Irish is written outside of legislation, and particularly in the teaching of Irish. That the members reached a historic consensus on those revised rules is indeed testimony to their commitment to the new rules. The Taoiseach's intervention is, however, again necessary in order that those rules be officially published and a new impetus given to the language.

The publication of complimentary sets of rules for written Irish would truly be a great opportunity for the language and a great credit to the Taoiseach's commitment to Irish.

- ²² Nuair a cuireadh an reachtaíocht a bhain le cinneadh an Rialtais Rannóg an Aistriúcháin do dhul i mbun athbhreithnithe tréimhsiúla ar an gCaighdeán Oifigiúil faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar ball, ghlac an bheirt Ollamh sin ón gCoiste a bhí le bheith ar an toscaireacht sin páirt san fheachtas a sheol roinnt ball den Choiste in éadan ar deineadh leis an gCaighdeán Oifigiúil a bhí curtha i dtoll a chéile ag an gCoiste – cuireadh litir a bhí sínithe acusan agus ag beirt ollamh eile ón gCoiste, mar aon le cúigear ball eile, chuig an Taoiseach agus chuig Airí agus Teachtaí Dála eile, i dtús mhí Dheireadh Fómhair 2012, ina ndúradh, i measc nithe eile:

‘I mí Iúil seo caite foilsíodh *An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe*. Ba é Rannóg an Aistriúcháin a bhí ina bhun.

‘Bhunaigh an Rialtas Coiste Stiúrtha ar an Athbhreithniú ar Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge i mí Mhárta 2010 le leagan nua den Chaighdeán Oifigiúil a ullmhú. Cuireadh an obair i gcrích idir Aibreán 2010 agus mí Iúil 2011 faoin teideal “GRAMADACH NA GAEILGE – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge”.

‘Ba chúis iontais dúinne a bhí ar an Choiste deiridh seo foilseachán Rannóg an Aistriúcháin 2012. Faraor, níl trácht ná oiread is tagairt amháin féin ann do “GRAMADACH NA GAEILGE – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge” ar chaith muid cúig mhí dhéag ag obair air, rud a léiríonn easpa mhór measa agus cúirtéise ar ár saothar.

‘Tá dhá shaothar ar fáil anois mar threoir do úsáideoirí na Gaeilge atá éagsúil go maith óna chéile, rud a bhfuil impleachtaí móra leis d’fhorbairt agus d’fhás na teanga agus go háirithe do chúrsaí oideachais ar fud na tíre ar fad agus an domhain mhóir.

‘Braithimid agus creidimid go bhfuil na buanna seo a leanas leis an saothar a d’ullmhaigh

‘míniú’ a bhí le bheith ar an gCaighdeán Oifigiúil sa reachtaíocht nua tráth déanta an mholta sin chun an tagairt sin a chur isteach ann maidir leis an gCaighdeán Oifigiúil arna ullmhú ag Coimisiún Thithe an Oireachtais (i.e., ag Rannóg an Aistriúcháin) a bheith le húsáid ‘mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge’.²³

muid: (a) tá fealsúnacht na hoibre foilsithe, léirithe agus curtha i bhfeidhm go soiléir ar gach cinneadh dá ndearnadh, (b) rinneadh cioradh leathan fairsing ar an eolas go léir a bhí ar fáil i bhfoilseacháin faoi staid reatha na teanga idir theangeolaíocht, chanúintí, shochtheangeolaíocht agus theangeolaíocht fheidhmeach mar thaca lenár moltaí, (c) chuathas i gcomhairle leis an phobal ar bhonn leanúnach agus cuireadh a dtuairimí agus an t-aiseolas uathu i bhfeidhm ar na cinntí a rinne muid agus (d) bhí ionadaíocht leathan saineolais ar an Choiste – oideachasóirí ó gach leibhéal den chóras oideachais agus ionadaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna ina measc, lucht na meán cumarsáide, iriseoirí, aistritheoirí, eagarthóirí, foclóirithe agus lucht cumtha téarmaíochta. Ní léir dúinn ar fhoilseachán Rannóg an Aistriúcháin go raibh an saineolas leathan sin ar fáil acu ná gur caitheadh an díograis chéanna leis an obair athbhreithnithe.

‘Caithfear an folús contúirteach agus an neamhréir atá ann anois idir an dá shaothar thuasluaite a chur ina cheart agus an obair a rinne an dá ghrúpa a chur ar fáil mar threoir do phobal mór úsáide na Gaeilge. Caithfear friotal comhaontaithe a ullmhú agus a aontú trí admháil agus aitheantas a thabhairt don obair a rinne an Coiste Stiúrtha ar an Athbhreithniú ar Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge a bhunaigh an Rialtas.

‘Níl ach bealach amháin leis an méid sin a chur i gcrích – is é sin go dtabharfar an dá dhream a d’ullmhaigh leaganacha éagsúla den Chaighdeán Oifigiúil le chéile agus go molfaidh siad comhChaighdeán d’úsáid na Gaeilge i ngach earnáil.’

- ²³ Chomh maith leis sin, leasaíodh an fhoráil a bhí le bheith sa reachtaíocht go mbeadh ionadaí ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (mar aon le hionadaí ón Roinn Oideachais agus ionadaí ó Roinn na Gaeltachta), ar an gCoiste Comhairleach a fhéadfadh Coimisiún Thithe an Oireachtais a chur ar bun, mar chuid den athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil, go foráil go rachfaí i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (agus leis an Aire Oideachais agus le hAire na Gaeltachta) i dtaca leis na hathbhreithnithe agus go gcuirfí aon tuarascáil a thiocfadh ón Aire (agus ón mbeirt Airí eile) san áireamh – mar atá le déanamh i gcás an phobail i gcoitinne, ar aon nós. Féach alt 4(2G) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003, arna leasú le halt 3 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013:

D’fhonn athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil a sheoladh faoi fho-alt (2F), rachaidh an Coimisiún i gcomhairle–

- (a) leis na hAirí seo a leanas den Rialtas, eadhon–
(i) an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta,
(ii) an tAire Oideachais agus Scileanna, agus
(iii) an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais,

(b) le cibé daoine ag a bhfuil spéis sa Chaighdeán Oifigiúil agus is cúí leis an gCoimisiún, agus

(c) le daoine den phobal i gcoitinne,

agus beidh aird ag an gCoimisiún ar aon aighneachtaí a dhéanfar chuige agus a thig as an gcomhchomhairliúchán sin.

Is faoi mhír (a)(iii) thuas a cuireadh leagan den staidéar seo faoi bhráid Rannóg an Aistriúcháin i ndeireadh na bliana 2014 (féach fonóta 18 sa Réamhrá, ar lch 11 thuas).

Ail in úir

Is ‘oil in úir’ atá i bhFoclóir de Bhaldráithe ar an abairt Bhéarla a mbeadh ‘cnámharlach sa chófra’²⁴ mar aistriúchán litriúil air. Tugtar ‘ail’ mar leagan caighdeánach den cheannfhocal ‘oil’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, mar a bhfaightear *headstone, monument* ar ‘ail in úir’. Tá baol ann gurb in é a bheidh sa Chaighdeán a cuireadh i dtoll a chéile faoi stiúir an Choiste a chuir an Rialtas ar bun faoi choimirce Roinn na Gaeltachta sa bhain 2010 mura bhfoilseofar é sula ndéanfar an chéad Chaighdeán Oifigiúil faoi Acht na bliana 2013 a fhoilsiú.

Agus tá deis ann i gcónaí an Caighdeán sin, *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011), a fhoilsiú ar shlí a chuideodh leis an athbhreithniú reatha ar an gCaighdeán Oifigiúil, agus a chuideodh, chomh maith, le baill an Choiste sin a bunaíodh sa bhliain 2010 – ar a raibh Ollúna le Gaeilge as na hOllscoileanna is mó sa tír, mar aon le Príomh-Eagarthóir an Ghúim agus Eagarthóir an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge atá á chur i dtoll a chéile faoi choimirce Fhoras na Gaeilge, mar atá curtha in iúl roimhe seo – a thabhairt ar bord i dtaca leis an athbhreithniú faoin reachtaíocht nua. Mar chuid den athbhreithniú oifigiúil sin faoi choimirce Roinn na Gaeltachta cuireadh na moltaí a bhí á meas ag an gCoiste Stiúrtha ar fáil don phobal ar an idirlíon le go bhféadfadh an pobal i gcoitinne a dtuairimí ina leith a chur in iúl agus le go bhféadfadh an Coiste na tuairimí sin ar na réimsí éagsúla a mheas agus cinneadh críochnaitheach á dhéanamh acu i leith na moltaí sin.²⁵ I ré seo an idirlín agus na cumarsáide láithrí leictreonaí, is ceart dréacht de na rialacha atá le bheith sa Chaighdeán Oifigiúil tosaigh a mbeidh feidhm dlí leis a chur ar fáil ar an idirlíon, ionas go mbeidh deis ag pobal na Gaeilge a dtuairimí faoi a chur in iúl agus fíor-chomhchomhairle a bheith ann i leith an Chaighdeáin Oifigiúil sin. Agus an dréacht sin á chur ar fáil d’fhéadfaí *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* a chur ar fáil ar an idirlíon, chomh maith, le go mbeadh deis ag an bpobal Caighdeán an Choiste Stiúrtha sin a bhreithniú agus a chur san áireamh le linn dóibh breithniú a dhéanamh ar an dréacht-Chaighdeán nua. D’fhéadfaí comhchoiste a bhunú ar a mbeadh na baill ba ghníomhaí ar Choiste Stiúrtha 2010-11 agus na baill is gníomhaí ar Choiste an athbhreithnithe reatha chun na moltaí ón bpobal a scagadh agus leasuithe a dhéanamh ar an

²⁴ Nó ‘cnámharlach sa chupard’.

²⁵ Féach arís sa chomhthéacs seo an cur síos ar an bpróiseas a fhaightear sa réamhrá a ghabhann le *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011):

Ceapadh comhaltaí ar fhochoistí chun moltaí a réiteach faoi na sé shainréimse agus iad a chur faoi bhráid an Choiste Stiúrtha lena bhfaomhadh. Cuireadh na moltaí sin faoi bhráid an phobail le linn tréimhsí comhairliúcháin agus lorgáodh tuairimí ina leith. Bhí sé bhabhta de na tréimhsí comhairliúcháin sin ann chun teacht leis na sé réimse a bhí idir chamáin. Cuireadh aighneachtaí agus tuairimí an phobail faoi bhráid an Choiste lena gcíoradh agus le leasuithe a dhéanamh ar na moltaí bunaidh dá mbarr dá mba ghá sin.

dréacht-Chaighdeán nua, bunaithe ar an scagadh sin, agus ag tógáil ar phléití an dá Choiste. Mura ndéanfar a leithéid, tá baol ann, faoi mar atá ráite thuas, gur ‘ail in úir’ a bheidh in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* do na daoine agus na forais go léir a bhí páirteach in athbhreithniú 2010-2011, agus do dhaoine eile a mbeidh col acu leis an gcéad Chaighdeán Oifigiúil atá le foilsiú faoin reachtaíocht nua.

Cuimhnimis ar an gcol a ghlac go leor daoine le *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil*, arna ullmhú ag Rannóg an Aistriúcháin, a foilsíodh sa bhliain 1945. Is mar seo a leanas a chuir Sceilg (Seán Ó Ceallaigh) tús lena ‘scrúdú criticiúil’ ar an gCaighdeán sin bliain tar éis a fhoilsithe, i leabhrán nó monagraf leis dar theideal *Spelling Made Easy – Litriú na Gaeilge critically examined*:

When on holidays last autumn a friend casually asked me if I had seen the new Report on Irish Spelling. “What report?” I asked. “Are you not aware,” he replied, “that a Committee has been considering the matter for quite a while? They met under the chairmanship of a well-known author, but after a number of meetings they so disagreed that he withdrew; others dropped off, one by one, and finally they practically faded out. Then a Translation staff and others were brought together; they continued to go over the ground, reporting steadily to headquarters,²⁶ and, as it was intended to send the printed results of their long labours to various bodies, you are almost certain to have a copy awaiting you on your return – or I have been misinformed.” The copy did not await me, and the matter had passed from my recollection until another friend called my attention to a fairly searching review of the precious Report which appeared in a Dublin official journal, and was editorially described in a morning paper as “subtle propaganda.” I have since read the booklet, under the title of “Litriú na Gaeilge,” and regret I can describe it only as an outrage on our national language. Let me grapple with it at once.²⁷

Bhí Sceilg (1872-1957) ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge idir na blianta 1919 agus 1923; ba é Aire na Gaeilge é sa Chéad Dáil agus bhí sé ina Aire Oideachais sa Dara Dáil. Léirítear cé chomh mór is a chuir an litriú nua sa Chaighdeán Oifigiúil tosaigh sin isteach air, agus an chorrail a bhain leis, sa tslí ar mheabhraigh an foilseachán nua an díospóireacht a bhain leis an gConradh idir Éirinn agus an Bhreatain sa bhliain 1921 dó:

The first effect of this contemplated new spelling on my mind was to recall the sad days of the debate at University buildings on the Articles of Agreement for a Treaty around Christmas, 1921. I do not wish, nor is there need, to set down

²⁶ Gabhann an abairt seo a leanas as *Litriú na Gaeilge*, lch 5, mar fhonóta leis seo: ‘Chuir an Taoiseach ionadaí uaidh féin ar an gCoiste sin agus is i gcomhairle leis an Taoiseach féin a rinneadh an obair ar fad ó thús go deireadh’.

²⁷ Sceilg, *op. cit.*, lch 1.

*in detail the feelings that agitated many of us morning after morning for a whole week of that tragic debate – when we saw in perspective the dashing of our high hopes, the jeopardising, hour by hour, of the Sovereign Independence to which we had been looking forward; the growing impotence of our high resolve, the inevitable fratricidal strife long foreshadowed, at least to some of us. Much the same feeling was aroused in me by the hopeless chaos to which it is now proposed to reduce the traditional orthography that has come down to us hand in hand with our Christain faith*²⁸



Seailg (Seán Ó Ceallaigh)

²⁸ *Ibid.*, lch 8 – vótáil Seailg in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus ba é a bhí ina Uachtarán ar Shinn Féin tar éis d’Éamon de Valera Fianna Fáil a bhunú; le haghaidh tuilleadh eolais ar Seailg, féach Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, 1882-1982: *Beathaisnéis a Trí* (1992), lch 76 ar lean. (mar aon le *Beathaisnéis a Naoi: Forlíonadh agus Innéacsanna* [2007], lch 142), agus Máirtín Ó Murchú, *Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge: Tús an Athréimithe* (2001), *passim*.

Is ceart a lua, i gcomhthéacs Chaibidil 5 den staidéar seo ach go háirithe, gur cháin Seailg go géar an tslí ar giorraíodh *-(i)ughadh* go *-(i)ú* in *Litriú na Gaeilge* agus gur thagair sé go cáinteach don tslí a rabhthas ag fáil réidh sa Chaighdeán nua sin leis an bhfoirm chéanna a bhí go traidisiúnta ag an ngnídeach uatha agus ag an ainmneach iolra den ainm briathartha ar láimh amháin agus ag an rangabháil chaite ar an láimh eile:

... αμυζα, míniuζαδ, ορουζαδ, *and the countless words of their class are to have the terminations -υζα and υζαδ reduced to -ú, – in other words, to a grunt, – as are ceατραμιαδ, οετμιαδ and the like. This is wanton vandalism which could emanate from no truly cultured mind. There are other verbal terminations: -αδ in φιαδαδ, ιασκαδ; -αη in cuiηνεαη, δεαααη; -ζε in ειριζε, σуйριζε; but -υζαδ has uniformly -υιζτε for genitive singular, nominative plural and past participle, and is the equivalent of terminations as long and variable as -ing, -ation, -nation, -isation, -ianization in English words like preparing, temptation, alternation, fertilisation, fraternization. Thus the development and conjugation of -υζαδ are simpler and more regular beyond all comparison than those of its English equivalents.*

(Seailg, *op. cit.*, lch 5-6 – cf. *ibid.*, lch 69, nóta.)

Dar le Mícheál Ó Siadhail agus Arndt Wigger, in *Córas Fuaimeanna na Gaeilge – Na Canúintí agus an Caighdeán* (BÁC 1975, lch 135), go bhfuil an litriú ‘-ú’ san ainm briathartha sa dara réimniú mífheiliúnach ó thaobh rialtacht na deilbhíochta de, agus gur cuid de thoscán beo na teanga é ‘litriughadh’ – féach Anders Ahlqvist, ‘Litriú na Gaeilge’ in *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (1994, lch 52), a deir, chomh maith, go bhféadfaí ‘litriú níos traidisiúnta ná litriú an chaighdeáin a chosaint ar ábhair nach ábhair theangeolaíochta iad, go háirithe dá mbreathnófaí ar an nGaeilge mar mhodh le traidisiúin na tíre a chaomhnú agus a choinneáil beo i gceart’. Ach, ar an taobh eile den scéal, dar leis gur ‘cinnte gu /u:/ atá sa chaint bheo i bhformhór na gcanúintí sa chás seo, ionas go bhfuil seasamh an chaighdeáin intuigthe’.

Faighimid léargas ar an gcol a bhí ag go leor daoine le *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1958) ó dhá litir a scríobh Seán Ó Lúing chuig a fhoilsitheoir sa bhliain 1964, litreacha a foilsíodh arú anuraidh in *Sáirséal agus Dill 1947-1981: Scéal Foilsitheora*. I litir dar dáta an 26 Samhain 1964 scríobh sé mar a leanas:

Níl aon ancaire eile agam ach mo bhealach scríbhneoireacha féin. Teastaíonn uaim ná fuil a scríobh más áil liom é, agus fé, agus fá agus faoi aon áit is maith liom é; teastaíonn uaim san agus sin a scríobh, de réir mar oirfeas (cf. Quiller-Couch: *The Art of Writing*, ‘... the music of vowels’, etc.; cf. freisin *An Bheatha Chrábhaidh* leis an mBr. Filip Ó Raghallaigh as Fear Manach – tá na rudaí céanna aige agus stíl bhreá Ghaeilge – rud a cheil Dia ar lucht déanta an Chaighdeáin, mar níl unsa filíochta sa choiste acu)

Ní theastaíonn uaim ‘sna’ a scríobh – ní focal ar bith é. Teastaíonn uaim ‘dobé’ a scríobh, agus gach uile rud eile is áil liom. Is fusa le léitheoir nó foghlaimeoir ‘dobé’ ná ‘ba é’ – tá eolas agam óm chleachtadh múinteoireachta air sin.²⁹

Féach, chomh maith, ar ar scríobh sé ar an 7 Nollaig 1964:

Ní chreidim sa Chaighdeán Oifigiúil. Ní chreidim go mairfidh sé. Ní chreidim go mairfidh an Ghaeilge fá chulaith an Chaighdeáin sin. Níl aon dóchas agam i marthain na Gaeilge má deintear iarracht í choimsiú fá theorainn an chaighdeáin.... Déantús foghlaimeoirí is ea an Caighdeán Oifigiúil agus ós fearr is eol domsa ná a lán eile conas mar deineadh é, féadaim a rá gur cúng agus gur teoranta léargas na n-oifigeoirí a bhí ina bhun ar litríocht. Is Gaeilgeoir ó dhúchas mé. Tá mothú agus tuiscint agam do ghluaiseacht agus do cheol na Gaeilge.... Tá focail agus leaganacha a thagann chugham go nádúrtha ná faghann aon aithint ó fhoghlaimeoirí an Chaighdeáin Oifigiúil....³⁰

Cainteoir ó dhúchas as Baile an Fheirtéaraigh i gCorca Dhuibhne ba ea Seán Ó Lúing, fear a bhí ina aistritheoir i Rannóg an Aistriúcháin ón mbliain 1943 ar aghaidh. De réir *Sáirséal agus Dill 1947-1981: Scéal Foilsitheora* bhí sé chomh míshásta sin faoi cheist an Chaighdeáin sna seascaidí gur éirigh sé as a bheith ag scríobh i nGaeilge ar feadh tamaill.³¹ Ceapadh ina Phríomh-Aistritheoir ar Rannóg an Aistriúcháin é sa bhliain 1973 – naoi mbliana tar éis dó na litreacha sin thuas a scríobh.³²

²⁹ Cian Ó hÉigearthaigh agus Aoileann Nic Gearailt, *Sáirséal agus Dill 1947-1981: Scéal Foilsitheora* (Conamara 2014), lch 167.

³⁰ *Ibid.*, lch 167.

³¹ *Ibid.*, lch 456. Féach *ibid.*, lch 86, chomh maith, i dtaca le Máirtín Ó Cadhain, fear eile a d'oibrigh i Rannóg an Aistriúcháin: ‘shíl sé go raibh riachtanais na hoibre agus laincisí an Chaighdeáin Oifigiúil ag cur isteach ar a chuid scríbhneoireachta féin tar éis dó an oifig a fhágáil tráthnóna’.

³² Féach Máire Ní Mhurchú agus Diarmuid Breathnach, 1983-2002: *Beathaisnéis* (BÁC 2003), lch 191 ar lean.

Go leor de na daoine nach bhfuil an Ghaeilge acu ó dhúchas, is í Gaeilge an Chaighdeán Oifigiúil an teanga a bhfuil taithí acu ar a scríobh, le breis is leathchéad bliain anuas i gcás sciar de na daoine sin, agus nuair a fhoilseofar an chéad Chaighdeán Oifigiúil eile beidh ar a laghad cuid den dílseacht chéanna acu don Chaighdeán áirithe sin is a bhí ag Seán Ó Lúing dá chanúint dúchais féin. Agus is intuigthe go mbeadh col leis an gcéad Chaighdeán Oifigiúil eile ag daoine agus institiúidí a raibh baint acu leis an obair ar an gCaighdeán Oifigiúil a rinne an Coiste a chuir an Rialtas ar bun sa bhliain 2010, go háirithe ó tharla gur chinn an Rialtas a tháinig ina dhiaidh sin gan deis a thabhairt dóibh toradh na hoibre sin a chur ar fáil don phobal le go ndéanfadh scríbhneoirí na Gaeilge – an Taoiseach féin agus baill eile an Rialtais san áireamh – í a bhreithniú.³³

Coistí

Faoi mar a chuir Sceilg in iúl sa chéad sliocht a tugadh thuas as a léirmheas ar *Litriú na Gaeilge* (1945) is toisc nár éirigh le Coiste a bhí curtha ar bun roimhe sin ag an Rialtas comhaontú le chéile ar rialacha do litriú na Gaeilge gur iarradh ar Rannóg an Aistriúcháin na rialacha atá i gCaighdeán sin 1945 a chur i dtoll a chéile. Is amhlaidh, áfach, gur ag tógáil ní amháin ar obair an Choiste sin dá dtagraíonn Sceilg ach ar obair a rinne Coiste oifigiúil eile a bunaíodh roimhe sin, maille le ceann eile roimhe sin arís a bhunaigh Conradh na Gaeilge, agus ar obair a bhí déanta ag acadúlaigh agus údair leabhar gramadaí agus eile, a bhí Rannóg an Aistriúcháin sa Chaighdeán sin. Bhí Sceilg féin ina bhall de Choiste an Litrithe a bhí ag Conradh na Gaeilge i dtús na haoise seo caite, Coiste ar a raibh Eoin Mac Néill, Dubhghlas de hÍde, Pádraig Mac Piarais, Torna, Fiachra Éilgeach agus

Ag ócáid seolta leabhair in Acadamh Ríoga na hÉireann, más buan mo chuimhne, cheistíos Seán Ó Lúing faoin nóta seo a leanas ar ‘Ceann Comhairle’ in *Ciste Cúrsaí Reatha*, le Jim O’Donnell agus Seán de Fréine (BÁC 1992), lch 251:

... toisc nach brí litriúil a bhaineann le ‘ceann’ anseo, ní dhéantar aon athrú air i gcásanna mar seo: ‘A Cheann Comhairle’ (nuair a bheannaítear dó) ... Ní ceart an fhoirm ‘Cinn Comhairle’ a úsáid riamh.

Is éard a dúirt Seán Ó Lúing ná nárbh fhéidir tabhairt ar Theachtaí Dála ‘A Chinn Comhairle’ a rá, gan trácht ar ‘A Chinn Chomhairle’, agus gur measadh gur mhó an seans a bheadh ann go dtosóidís ag géilleadh don séimhiú i ndiaidh na míre gairmí dá mba rud é nach mbeadh d’athrú le déanamh acu ar ‘Ceann Comhairle’ ach séimhiú a chur ar litir thosaigh ‘Ceann’.



Seán Ó Lúing

³³ Rinneadh i bhfad níos mó athruithe ar scríobh na Gaeilge in *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1945) ná mar a rinneadh sa Chaighdeán Athbheithnithe. Ar a shon sin is uile, mar atá léirithe sa staidéar seo, is athruithe móra ar thraidisiún scríofa na Gaeilge atá sna hathruithe nua is cás linne sa staidéar. Cuimhnigh, chomh maith, murab ionann agus an chéad Chaighdeán Oifigiúil eile, nár féachadh leis na hathruithe a bhí sa Chaighdeán Oifigiúil tosaigh sin sa bhliain 1945, ná i gCaighdeán Oifigiúil 1958 ina dhiaidh sin, a chur i bhfeidhm le dlí na tíre.

scoláirí eile.³⁴ Rinne Éamon de Valera, Uachtarán na hArd-Chomhairle san am,³⁵ coiste a bhunú, ceithre lá tar éis dá Rialtas an Dréacht-Bhunreacht a fhoilsiú, i dtús mhí na Bealtaine, 1937, ‘chun moltaí a dhéanamh i dtaobh aon athruithe ba mhaith a dhéanamh ar litriú na Gaeilge sa Dréacht-Bhunreacht d’fhonn an litriú sin a shimpliú’.³⁶ Cheap sé an tOllamh Eoin Mac Néill ina Chathaoirleach ar an gCoiste sin agus, ar na baill eile a bhí air, bhí Micheál Breathnach, Risteárd Ó Foghludha (Fiachra Éilgeach), Shán Ó Cuív, an tOllamh Osborn Bergin, an tOllamh Tomás Ó Máille, Colm Ó Murchadha, an tOllamh Tomás Ó Rathile, Pádraig Ó Siochfhradha (An Seabhac), an tOllamh Séamus Ó Searcaigh agus Peadar Mac Fhionnlaoich (Cú Uladh). B’éigean do Rúnaí an Choiste, Séamas Daltún as Rannóg an Aistriúcháin, dhá thuarascáil a dhréachtú, áfach, tharla nach raibh Osborn Bergin, Tomás Ó Rathile, Colm Ó Murchadha ná Shán Ó Cuív sásta gur leor na leasuithe a bhí molta ag na baill eile agus a raibh cur síos déanta orthu sa phríomhthuarascáil – ar leasuithe iad a cuireadh i bhfeidhm ar an Dréacht-Bhunreacht a d’achtaigh an pobal, ina dhiaidh sin, ar an 1 Iúil 1937.³⁷

Ceithre bliana ina dhiaidh sin, i Samhain na bliana 1941, chuir an Taoiseach Éamon de Valera coiste ar bun chun ‘córas litrithe ghairid don Ghaeilge a mholadh a bheidh feiliúnach lena ghlacadh mar chóras caighdeánach comhchoiteann’.³⁸ Ar bhaill an Choiste sin bhí an tOllamh Tomás Ó Rathile (Cathaoirleach), Proinsias S. Ó Tighearnaigh agus Micheál Breathnach (beirt Leas-Phríomhchigirí sa Roinn Oideachais), Liam Ó Rinn agus Seán Ó Cathasaigh (Rannóg an Aistriúcháin), Domhnall Mac Grianna (Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath) agus Máirtín Ó Flaithbheartaigh (an Roinn Gnóthaí Eachtracha), le Séamus Mac Úgó (Rannóg an Aistriúcháin) ina Rúnaí air.³⁹ Is amhlaidh, áfach, gurbh éigean don Chathaoirleach a thuairisciú, ar an 7 Aibreán 1942, nárbh fhéidir comhaontú a bhaint amach i

³⁴ Áiríonn Sceilg féin na daoine seo a leanas ar bhaill an Choiste sin (*‘a Committee on Orthography’*), nó ar na daoine a bhí i ndlúth-theagmháil leis, i dtús na haoise seo caite: sa Tuaisceart, an tAth. Eoin Mac Fhir Léinn (John MacErlean), Eoin Mac Néill agus Cú Uladh; san Iarthar, Conall Cearnach, Eoghan Ua Neachtain agus Dubhghlas de hÍde (tagraíonn sé do Phádraig Ó Domhnalláin, chomh maith); i mBaile Átha Cliath, J. H. Lloyd agus Pádraig Mac Piarais (agus Cathal Brugha ina ndiaidhsean); agus sa Deisceart, Conán Maol, Fearghus Finnbhéil agus an Bheirt Fhear, mar aon le Torna, Gruagach an Tobair, Séamus Dubh, Marbhán, Fiachra Éilgeach agus an Rí Liath (tagraíonn sé don Athair Peadar agus don Duinníneach, chomh maith) (Sceilg, *op. cit.*, lch 63).

³⁵ Post a d’fhreagródh do phost an Taoisigh tar éis do Bhunreacht 1937 teacht i bhfeidhm.

³⁶ Tá ‘téarmaí comhairle’ an Choiste sin a bunaíodh ar an 4 Bealtaine, 1937, caighdeánaithe agam ó thaobh an litrithe de thuas – tugtar téacs na dtéarmaí as comhad S.9859 (Roinn an Taoisigh) sa Chartlann Náisiúnta in Micheál Ó Cearúil, *Bunreacht na hÉireann: An téacs Gaeilge arna chaighdeánú* (BÁC 2003), lch ix.

³⁷ *Ibid.*, lch ix.

³⁸ Arís, tá litriú théarmaí tagartha an Choiste sin a bunaíodh ar an 11 Samhain, 1941, caighdeánaithe thuas – féach *ibid.*, lch xiv, don fhoclaíocht bhunaidh.

³⁹ *Ibid.*, lch xiv, agus Seán Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn, 1919 – 1985* (BÁC 1994), lch 71.

measc na mball. Is dá dheasca sin a chinn an Taoiseach, an mhí chéanna sin, go n-iarrfaí ar Liam Ó Rinn, Príomh-Aistriitheoir Rannóg an Aistriúcháin, a thógáil air féin ‘córas litrithe ghairid don Ghaeilge a mholadh a bheidh feiliúnach lena ghlacadh mar chóras caighdeánach comhchoiteann’.⁴⁰ Tuigeadh nár mhiste do Liam Ó Rinn ‘dul i gcomhairle le daoine eile atá cáilithe chun comhairle a thabhairt dó san obair’ sin, agus bhí an tOllamh Tomás Ó Rathile, Stiúrthóir Scoil an Léinn Cheiltigh in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, le toradh na hoibre a scrúdú nuair a bheadh sin ar fáil.⁴¹ Is as an bpróiseas sin go léir a tháinig ann do *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* sa bhliain 1945.⁴²

Murab ionann agus an dá Choiste sin a bhunaigh Rialtas an ama sin, bhí an Coiste a chuir an Rialtas ar bun sa bhliain 2010 – ar a raibh Ollúna Ollscoile, ionadaithe as Ranna Rialtais éagsúla, aistriitheoirí, eagarthóirí agus eile, mar a cuireadh in iúl thuas – tar éis comhaontú ar na rialacha nua a bheadh sa Chaighdeán Oifigiúil do scríobh na Gaeilge, agus bhí leagan nua den Chaighdeán Oifigiúil curtha i dtoll a chéile acu agus réidh le foilsiú i Lúnasa na bliana 2011. Agus, murab ionann agus *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1945), ní raibh an Taoiseach tar éis a chur de chúram ar Rannóg an Aistriúcháin an Caighdeán Athbhreithnithe a chur i dtoll a chéile.⁴³

Faoi mar a dúradh thuas, cuireadh moltaí a rinne fochoistí de Choiste Stiúrtha athbhreithniú sin 2010-2011 faoi bhráid an phobail. Ní amháin go raibh teacht ag Rannóg an Aistriúcháin ar na moltaí sin sa tslí sin ach is amhlaidh gur tugadh dréacht den leagan nua den Chaighdeán Oifigiúil a bhí curtha i dtoll a chéile ag an gCoiste ar fáil don Rannóg sin roimh lár na bliana 2011. Níl aon dabht ná go raibh tionchar mór ag moltaí radacacha na bhfochoistí sin agus ag obair an Choiste Stiúrtha, maille leis an bplé go léir a spreag an obair sin, ar an gCaighdeán Athbhreithnithe a chuir Rannóg an Aistriúcháin i dtoll a chéile agus a foilsíodh sa bhliain 2012,⁴⁴ cé nach dtagraítear don athbhreithniú oifigiúil sin, gan trácht ar an

⁴⁰ Féach an fonóta leathdheireanach thuas, agus féach Seán Ó Riain, *op. cit.*, lch 72, don fhoclaíocht bhunaidh.

⁴¹ Scrúdaigh an Taoiseach Éamon de Valera féin na moltaí, chomh maith, agus rinneadh leasuithe orthu dá bharr sin – cf. fonóta 26 thuas, agus féach Seán Ó Riain, *op. cit.*, lch 73, mar shampla.

⁴² Foilsíodh leagan den Bhunreacht ina raibh an litriú de réir an chaighdeáin litrithe sin sa bhliain chéanna sin 1945 – agus, chomh maith leis an litriú a bheith leasaithe sa leagan nua sin, bhí an téacs Gaeilge sa chló Rómhánach, murab ionann agus Bunreacht 1937.

⁴³ Mar a chonaiceamar sa chéad chuid den Fhoscríbhinn seo, bhí Rialtas an ama sin tar éis iarraidh ar Rannóg an Aistriúcháin páirt a ghlacadh in athbhreithniú Choiste Stiúrtha 2010-2011 ach níor ghlac an Rannóg sin leis an gcuireadh sin.

⁴⁴ Mar a luadh i bhfonóta 14 thuas, nuair a tugadh cóip den Chaighdeán Athbhreithnithe d’oifigigh Lár-Aonad Aistriúcháin Roinn na Gaeltachta, sula raibh an Caighdeán sin curtha ar fáil don phobal i gcoitinne, rinne siad amach go raibh os cionn 70% de Chaighdeán Athbhreithnithe na Rannóige ar aon dul lena raibh i gCaighdeán Choiste Roinn an

gCaighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge (2011), sa réamhrá a ghabhann leis an gCaighdeán Athbhreithnithe.⁴⁵ Agus níl dabht ná gur ag tógáil ar athbhreithniú an Choiste sin, agus ar athbhreithniú Rannóg an Aistriúcháin féin, atáthar le breis is trí bliana anuas agus an chéad Chaighdeán Oifigiúil faoi Acht thuasluaite 2013 á chur i dtoll a chéile.

Díchaighdeánú

Tá an bhéim i gCaighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin agus in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* araon ar an díchaighdeánú, is é sin, maolú a dhéanamh ar an gcaighdeánú ar an teanga sa scríbhneoireacht oifigiúil a rinneadh i gCaighdeán Oifigiúil 1958 i roinnt mhaith cásanna. Tugann James Milroy an sainmhíniú seo a leanas ar a bhfuil i gceist sa chaighdeánú:

*standardization consists of the imposition of uniformity upon a class of objects.*⁴⁶

Deir an t-údar san alt céanna leis:

*In respect of the internal form of language, the process of standardization works by promoting invariance or uniformity in language structure.*⁴⁷

Gaeltachta – ar céatadán an-ard é fiú nuair a chuirtear san áireamh gur ar an gCaighdeán Oifigiúil céanna a rinneadh an dá athbhreithniú as ar tháinig an dá leagan nua den Chaighdeán sin. Is léir anois go mbaineann sciar mór den 30% dá bhfuil sa Chaighdeán Athbhreithnithe nach dtagann lena bhfuil i gCaighdeán an Choiste leis na rialacha maidir leis an séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte agus ar an ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscigh uatha nó ainmfhocail fhirinscigh iolra dar críoch consan caol, is é sin, na rialacha is ábhar don staidéar seo. An baol atá ann anois ná go mbeidh méadú níos mó fós – arís, b'fhéidir, d'aon turas – ar an gcéatadán éagsúlachta sin sa chéad Chaighdeán Oifigiúil eile. Faoin tráth ar aistríos as Rannóg an Aistriúcháin, i dtús na bliana 2003, bhí cur i láthair eile ar fad ar rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil á bheartú ag Coiste inmheánach a bhí curtha ar bun ag an Rannóg sin thart ar an mbliain 2002 de bhun na tuarascála dá dtagairtear i bhfonóta 10 i gCaibidil 15 (cf. lch 335).

⁴⁵ Sa léirmheas a rinne an tOllamh Dónall Ó Baoill ar an gCaighdeán Athbhreithnithe in *Éigse xxxviii* (2013) deir sé (ar lch 337): ‘Ní fheicim in aon áit sa “Caighdeán Athbhreithnithe” aon tuairisc de chineál ar bith ar fhealsúnacht na hoibre a leanadh’; is léir, áfach, gurb í an fhealsúnacht a leagadh amach agus a leanadh in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011) a leanadh i gcuid mhaith den Chaighdeán Athbhreithnithe, ar fealsúnacht í a lig do Rannóg an Aistriúcháin cuid mhaith de na leasuithe ar an gCaighdeán Oifigiúil atá déanta sa Chaighdeán Athbhreithnithe a dhéanamh.

Sna nótaí a ghabhann le *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1945, lch 38) tugtar aitheantas do roinnt leabhar gramadaí agus eile a ‘scrúdaíodh’ agus an saothar sin á chur i dtoll a chéile. Ar na leabhair sin tá *Foghraidheacht Ghaedhilge an Tuaiscirt*, le Séamus Ó Searcaigh. Is trua nár tugadh an t-aitheantas céanna sa Chaighdeán Oifigiúil do na leabhair ghramadaí ar baineadh leas astu don saothar sin. Ar na leabhair sin tá leabhar eile le Séamus Ó Searcaigh, *Coimbréir Ghaedhilg an Tuaiscirt* (1936), i gcás na caibidle is suaithinsí sa Chaighdeán Oifigiúil ach go háirithe – is é sin, an chaibidil dar teideal ‘Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh’.

⁴⁶ James Milroy, *Language ideologies and the consequences of standardization*, in *Journal of Socio-linguistics* 5(4), 2001, lch 531.

⁴⁷ *Ibid.*, lch 531.

Tá an do-athraitheacht, nó an tseasmhacht, agus an aonfhoirmeacht an-tábhachtach i réimse na reachtaíochta. Faoi mar a deir James Milroy agus Lesley Milroy:

*The whole notion of standardization is bound up with the aim of functional efficiency of the language. Ultimately, the desideratum is that everyone should use and understand the language in the same way with the minimum of misunderstanding and the maximum of efficiency.*⁴⁸

Tá an-bhrú ann leaganacha canúnacha nach raibh glacadh leo i gCaighdeán Oifigiúil 1958 a chur san áireamh sa Chaighdeán Oifigiúil ar mhaithe le scríobh na Gaeilge sna réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta. San iarracht chun freastal ar an dá thrá atá luaite leis an gCaighdeán Oifigiúil i reachtaíocht na bliana 2013 – is iad sin, caighdeán atá le húsáid sa reachtaíocht phríomha agus sa reachtaíocht thánaisteach, ar láimh amháin, agus, ar an láimh eile, caighdeán atá le bheith ina threoir do scríbhneoirí na Gaeilge sna réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta – tá baol ann go dtitfeadh idir an dá stól agus nach ndéanfar an freastal is fearr is féidir ar cheachtar trá. Tá contúirt ann go mbeidh Gaeilge na reachtaíochta thíos leis an díchaighdeánú atá á dhéanamh san iarracht chun freastal ar na réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta. Is é is lú is gann do lucht dréachta an chéad Chaighdeán Oifigiúil eile ná é a dhéanamh an-soiléir cad iad na rialacha a bhaineann le réimse na reachtaíochta agus cad iad na cinn a bhainneann leis na réimsí eile, is é sin, na rialacha nach mbeidh ceangal dlí ar aistritheoirí a bheidh ag aistriú Achtanna an Oireachtais agus Ionstraimí Reachtúla iad a chur i bhfeidhm, maille leis na foirmeacha nach mbeidh le húsáid.⁴⁹ Agus socrú déanta leis an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013, maidir le Coiste a bhunú nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil uair amháin gach seacht mbliana ar a laghad, tá ceacht le foghlaim ón gCoiste

⁴⁸ James Milroy agus Lesley Milroy, *Authority in Language: Investigating Standard English* (3ú heagrán, Londain 1999), lch 19.

⁴⁹ Féach Foscríbhinn 10 mar a gcuirtear síos ar áiteanna inar leagadh amach rialacha ar leith do réimse na reachtaíochta in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011). Is díol suntais sa chomhthéacs thuas, áfach, é an tslí nár géilleadh agus nach ngéilltear i gcónaí don Acht Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge, 1945, agus Achtanna an Oireachtais agus Ionstraimí Reachtúla á n-aistriú. Faoi alt 3(1) den Acht sin foráiltear go bhféadfaidh an tAire Dlí agus Cirt ‘a dhearbhu le hordú gurb é is iontsamhail sa Ghaeilge d’aon téarma sonnraithe ná pé focal nó focail is cuibhe leis agus a shonnróidh san ordú.’ Rinneadh deich nOrdú faoin Acht sin idir 1945 agus 1959 agus is iad na téarmaí a áiríodh sna hOrduithe sin a chomhdhéanann an bailiúchán téarmaí a foilsíodh sa bhliain 1959 faoin teideal *Téarmaí Dlí*. Le gan ach téarma amháin a lua anseo, is minic *approve* á aistriú mar ‘ceadaigh’ i reachtaíocht na Gaeilge ná mar ‘formheas’, an téarma a leagtar síos sa chéad Ordú a rinneadh faoin Acht sin, is é sin, an tOrdú Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge (Uimh. 1), 1947 (Rialacha agus Orduithe Reachtúla, Uimh. 249 de 1947, mar a bhfaightear ‘Liosta de Théarmaí Dlíthiúla a bhaineas le Dlí Thiarna Talún agus Tionónta, Tíolacadh agus Dlí Maoine, mar aon lena nÍontamhail sa Ghaeilge’) – cf. Micheál Ó Cearúil, *Bunreacht na hÉireann: A study of the Irish text* (BÁC 1999), lch 23.

Athbhreithnithe a bhunaigh an Rialtas sa bhliain 2010 maidir lena dheacra atá sé freastal ar thrá na reachtaíochta agus ar thrá na réimsí eile lasmuigh den reachtaíocht in éineacht. Má fhágtar cúram an dá réimse sin faoin aon Choiste amháin, agus má tá na rialacha le bheith san aon fhoilseachán amháin, beidh leagan amach den chineál atá in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* ag teastáil, is é sin, Caighdeán ina sonrúfaí na rialacha ar leith a bheidh le leanúint i réimse na reachtaíochta.⁵⁰

Coiste do réimse na reachtaíochta

Rogha eile atá ann ná go ndíreodh Coiste faoi choimirce Rannóg an Aistriúcháin, agus ar a mbeadh ionadaíocht ag aistritheoirí oifigiúla eile, ar a n-áirítear aistritheoirí atá ag obair le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh,⁵¹ agus ag scoláirí Gaeilge, ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil ar mhaithe leis an gCaighdeán is fearr is féidir a chur ar fáil do réimse na reachtaíochta sa Ghaeilge, agus go mbeadh Coiste eile ann, ar a mbeadh ionadaíocht ag an gCoiste céadluaite sin, mar aon le hionadaithe ón earnáil oideachais, ó na meáin, agus ó lucht scríofa na Gaeilge san iliomad réimse lasmuigh den reachtaíocht, i dteannta scoláirí Gaeilge, agus go dtabharfaidís-sean faoi leagan den Chaighdeán tosaigh a réiteach mar threoir do scríobh na Gaeilge lasmuigh de réimse na reachtaíochta. Is sa tslí sin a d'fhéadfadh an Caighdeán athbhreithnithe i gcomhair réimse na reachtaíochta a bheith ina threoir do scríobh na Gaeilge i gcoitinne – rud a bheadh ag teacht lena raibh laistiar den Chaighdeán Oifigiúil a d'ullmhaigh Rannóg an Aistriúcháin mar threorú do litriú na Gaeilge i ngnóthaí oifigiúla, sa bhliain 1945, agus den Chaighdeán Oifigiúil a d'ullmhaigh siad mar threorú do ghramadach na Gaeilge sa bhliain 1958. Níor ghá comhghéilleadh a dhéanamh sa Chaighdeán sin ar mhaithe le freastal ar na réimsí eile, faoi mar a rinneadh i gCaighdeán 1958 i gcás an ainm bhriathartha, mar a chonaiceamar thuas.⁵² Agus stádas iomlán le bheith ag an nGaeilge ó thaobh aistriú reachtaíochta a bhaineann leis an Aontas Eorpach laistigh de chúig bliana,

⁵⁰ Féach an chéad Fhoscríbhinn eile anseo, Foscríbhinn 10, mar a dtugtar léargas ar na príomh-idirdhealuithe a rinneadh in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* idir na rialacha don scríbhneoireacht i réimse na reachtaíochta agus don scríbhneoireacht lasmuigh den reachtaíocht.

⁵¹ Féach an réamhrá leis an staidéar i dtaca leis an tslí ar spreag aistriú reachtaíochta a bhaineann leis an Aontas Eorpach an Rialtas chun athbhreithniú a chur á dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil sa bhliain 2010 – níl aon cheangal dlí ar na haistritheoirí a mbeidh reachtaíocht an Aontais Eorpaigh á haistriú acu géilleadh don Chaighdeán Oifigiúil.

⁵² Is amhlaidh go bhfuil sé sin déanta ar scála i bhfad níos mó i gcodanna den Chaighdeán Athbhreithnithe, agus é tugtha le tuiscint go gceadaítear go leor foirmeacha, de na briathra ach go háirithe, nár ceadaíodh faoi Chaighdeán 1958, cé nach móide go n-úsáidfidh Rannóg an Aistriúcháin na foirmeacha sin agus Achtanna den Oireachtas á n-aistriú acu. Ar an láimh eile, tá sé le tuiscint sa Chaighdeán Athbhreithnithe nach mór rialacha ar nós riail sin díséimhithe an ghinidigh den ainm bhriathartha a thabhairt isteach ar mhaithe leis an reachtaíocht, agus nach mór an riail sin a leanúint lasmuigh de réimse na reachtaíochta, chomh maith.

tá sé tráthúil go bhféachfadh Coiste ar a mbeadh ionadaithe ó na haistritheoirí a bheidh ag gabháil don obair sin,⁵³ chomh maith le hionadaithe ó Ranna Rialtais a mbeidh Ionstraimí Reachtúla á n-aistriú acu – agus go háirithe an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, atá freagrach as leaganacha Gaeilge de na Rialacha Cúirte a chur ar fáil – páirteach le haistritheoirí ó Rannóg an Aistriúcháin (arbh iadsan amháin a bhí i mbun aistriú na reachtaíochta nuair a cuireadh cúram an chaighdeánaithe orthu sna 1940aí) in athbhreithniú ar Ghaeilge na reachtaíochta.⁵⁴



Tugadh líon mór samplaí as Achtanna an Oireachtais d’ainmneacha briathartha arna séimhiú sa ghinideach ar lorg ainmfhocail i gcaibidlí éagsúla den staidéar seo agus tugann samplaí a fhaightear i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus i Rialacha Cúirte araon, ar samplaí iad nach bhfaightear a macasamhla in Achtanna an Oireachtais,⁵⁵ léargas dúinn ar an reachtaíocht Ghaeilge atá le fáil in aistriúcháin nárbh iad aistritheoirí Rannóg an Aistriúcháin a rinne iad. I reachtaíocht an Aontais Eorpaigh⁵⁶ faighimid samplaí den ghinideach séimhithe de leithéidí ‘boilsciú’,⁵⁷ ‘cogaint’,⁵⁸

⁵³ Tuigtear dom go bhfuil 58 duine ag plé le cúrsaí aistriúcháin i gcás na Gaeilge de in institiúidí an Aontais Eorpaigh faoi láthair agus go bhfuil níos lú ná a leathoiread sin i Rannóg an Aistriúcháin.

⁵⁴ Chomh maith leis na rialacha sa Chaighdeán Athbhreithnithe atá faoi chaibidil agam sa staidéar seo tá rialacha eile sa Chaighdeán sin ar mhaith liom, mar dhuine arb é mo phríomhchúram Rialacha Cúirte in Ionstraimí Reachtúla a aistriú sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, bheith páirteach sa chomhphlé orthu, go háirithe na cinn a bhfaightear na habairtí seo a leanas mar eiseamláirí díobh sa Chaighdeán Athbhreithnithe: ‘Reachtaíocht AE’ agus ‘Roinn Imscrúdaithe NA’ (alt 3.1.3); ‘le haghaidh páirc mhór’ (alt 3.2.4); ‘ag baint leas as an gcóras’ (alt 3.2.10); ‘d’ainneoin aon cheist eile den sórt sin’ (alt 3.2.11); ‘bhí sórt deabhadh orm’ (alt 3.2.12); ‘d’ainneoin an chuid eile den alt’ (alt 3.2.13); ‘b’ó Bhaile Átha Cliath í’ (alt 7.2.1); ‘seacht billiún déag’ (alt 9.2.2); ‘céad is fiche’ in áit ‘céad a fiche’ (alt 9.2.3; cf. alt 9.2.4); ‘pingine’, ‘seachtaine’ agus ‘troithe’, agus gan na gnáthfhoirmeacha iolra á gceadú (alt 9.3.2); ‘aon chapall amháin is fiche’ (alt 9.3.4); úsáid ‘cuid’ á leathnú gan cháiliú (alt 9.6.1-3) agus úsáid ‘ceann’ á leathnú (alt 9.6.5) in áit an ghnáthchórais a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil.

⁵⁵ Sna hAchtanna a bhfuil rochtain orthu ar www.achtanna.ie agus tríd an gcomhchordacht ar www.gaois.ie.

⁵⁶ Tugtar samplaí anseo ón gcomhchordacht ar www.gaois.ie, mar a bhfaightear tagairtí níos iomláine dóibh ná mar a thugtar anseo (de dheasca fhad na dtagairtí sin).

⁵⁷ ‘féadfar úsáid a bhaint as an méadú ar luach a bhfuil súil leis os cionn an ráta ghinearálta bhoilscithe thar thréimhse arna socrú roimh ré’, *use may be made of the expected increase in value over and above the general rate of inflation over a predetermined period* (Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013).

⁵⁸ ‘Is cuid de na matáin chnámharlaigh iad an scairt agus na matáin choganta’, *The diaphragm and the masseters are part of the skeletal muscles* (Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011).

‘cruthú’,⁵⁹ ‘cuimsiú’,⁶⁰ ‘dearadh’,⁶¹ ‘póru’⁶² agus ‘tarlú’.⁶³ Faightear sampla den ghinideach séimhithe de ‘cruthú’ sna Rialacha Cúirte Cuarda, 2001,⁶⁴ chomh maith, mar a bhfaightear sampla den ghinideach séimhithe de ‘taifeadadh’,⁶⁵ le gan ach ainm briathartha amháin eile a thabhairt as na Rialacháin sin. Tá ‘cimiú’ ar na hainmneacha briathartha a bhfaightear sampla den ghinideach séimhithe de ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol sna Rialacha Cúirte

⁵⁹ ‘admháil chruthaithe aitheantas’, *receipt counting as proof of identity* (Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011).

⁶⁰ ‘na critéir iniaimh agus eisiata arna gcur i bhfeidhm chun na ceanglais chuimsithe arna sonrú in Airteagal 3 a chomhlíonadh’, *the inclusion and exclusion criteria applied to meet the coverage requirements specified in Article 3* (Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008).

⁶¹ ‘ó chéim dheartha an chláir ilbhliantúil ar aghaidh’, *from the design phase of the multiannual programme onwards* (Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013); mar shampla den séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra féach ‘go gcomhlíonfaidh na sócmhainní na critéir dheartha, chaighdeáin, agus acmhainneachta atá sonraithe ag an rialtas’, *that the assets meet the design, quality, and capacity specified by government* (Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013).

⁶² ‘an cineál cláir phóraithe atá aige’, *the nature of its breeding programme* (Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... 2014/0032 (COD)); mar shampla den séimhiú ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra féach ‘na cláir phóraithe a chuireann siad i gcrích ar ainmhithe pórucháin a fhormheas’, *the approval of the breeding programmes they carry out on breeding animals* (*ibid.*); agus mar shampla den séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha féach ‘Lena áirithiú go bhféadfar na coinníollacha maidir le ... clárú muc pórucháin hibrideach i rollaí póir a chur in oiriúint d’fhorbairtí san earnáil phóraithe’, *In order to ensure that the conditions for ... the registration of hybrid breeding pigs in breed registers can be adapted to developments in the breeding sector* (*ibid.*).

⁶³ ‘ag leagan síos na gcoinníollacha faoina bhféadfaidh iompróirí neamhchónaitheacha seirbhís náisiúnta iompair tharlaithe de bhóthar a oibriú laistigh de Bhallstát’, *laying down the conditions under which non-resident carriers may operate national road haulage services within a Member State* (Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009).

⁶⁴ ‘is é an páirtí a mhainneoidh ... amhlaidh a íocfaidh costais chruthaithe aon doiciméid den sórt sin’, *the costs of proving any such document shall be paid by the party so neglecting* (Ionstraim Reachtúil Uimh. 510 de 2001, ar fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an leagan Gaeilge de sa bhliain 2010 – féach an chomhchordacht ar www.gaois.ie agus féach www.courts.ie don leagan Gaeilge de na Rialacha sin agus de na Leasuithe atá déanta orthu in Ionstraimí Reachtúla eile).

⁶⁵ ‘a mbeidh teideal na n-imeachtaí a mbeidh forghníomhú á iarraidh ina leith mar theideal uirthi agus ar a mbeidh uimhir thaifeadta na n-imeachtaí’, *be entitled with the title of the proceedings in respect of which enforcement is sought and bear the record number of the proceedings* (féach www.gaois.ie) – faighimid sampla den ghinideach séimhithe céanna ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra sa Nóta Míniúcháin a ghabhann leis na Rialacháin um Breitheanna Coigríche (Leasú), 1981 (I.R. Uimh. 259 de 1981): ‘Is é is cuspóir do na Rialacháin seo athrú a dhéanamh ar na táillí is inmhuirearaithe i ndáil le taifid ... i Leabhair Thaifeadta na mBreitheanna Coigríche’, *The purpose of these Regulations is to alter the fees chargeable in connection with entries ... in the Foreign Births Entry Books.*

Dúiche, 1997,⁶⁶ nach bhfaightear a mhacasamhail in Achtanna an Oireachtais.

Comhtharlúint a bhí ann go raibh dhá leagan éagsúla den Chaighdeán Oifigiúil curtha i dtoll a chéile, ceithre bliana ó shin, nuair a mholas go bhféadfadh an teanga a bheith thuas lena leithéid, ach ceann amháin a bheith dírithe go sonrach ar réimse na reachtaíochta agus an ceann eile ar na réimsí lasmuigh den réimse sin. Tá féidearthacht dá leithéid ann i gcónaí, is é sin, go ndíreodh Rannóg an Aistriúcháin, i dteannta páirtithe leasmhara mar a luadh thuas, ar Chaighdeán 1958 a athbhreithniú ar mhaithe leis an réimse a mbíonn an Rannóg sin ag plé leis go díreach, is é sin, réimse na reachtaíochta, agus go ndéanfaí athbhreithniú eile ar mhaithe leis na réimsí eile, athbhreithniú a mbeadh Rannóg an Aistriúcháin páirteach ann agus a mbeadh tionchar ag a n-athbhreithniúsan air, ach a bheadh dírithe ar norm a fhorbairt a bheadh le múineadh sna scoileanna agus, ina theannta sin, a bheadh ina norm molta do scríobh na Gaeilge sna mórchanúintí.

Na réimsí eile

Gníomh radacach don Ghaeilge a bheadh i níos mó ná an t-aon Chaighdeán amháin a bheith ann, ach is amhlaidh a bhí *de facto* leis an gCaighdeán Oifigiúil ar láimh amháin, agus roinnt treoirleabhar ar an láimh eile. Cé go bhforáiltear sa reachtaíocht nua go mbeidh an Caighdeán Oifigiúil atá le teacht amach faoin reachtaíocht sin ‘mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge’,⁶⁷ is cinnte go mbeidh eagrán nua ann sna blianta atá le teacht de leabhar mór-dhíola Éamonn Uí Dhónaill, *Gramadach gan Stró!*, mar shampla, chomh maith le leithéidí *Cruinnscríobh na Gaeilge* le Ciarán Mac Murchaidh, *Leabhar Gramadaí Gaeilge* le Nollaig Mac Congáil, *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* agus eile, mar a bhí ó 1958 i leith. Ach a bheith saor chun imeacht ón gCaighdeán Oifigiúil a chóiriú ar mhaithe le réimse na reachtaíochta tá go leor féidearthachtaí ann a bhféadfadh an Ghaeilge teacht i dtír orthu. In alt leis dar teideal ‘Caighdeáin, caighdeánú agus torthaí ar chaighdeánú na Gaeilge’ deir Noel P. Ó Murchadha:

D’fhéadfadh torthaí fiúntacha teacht as féachaint ar mhúnlaí malartacha an chaighdeánaithe, go háirithe tabhairt chun réitigh na saincheisteanna údaráis agus barántúlachta a théann le saghsanna agus stíleanna difriúla Gaeilge. Chomh maith le dhá chaighdeán a aithint don scríbhneoireacht, cuireann múnla na hIoruaise reachtaíocht ar fáil le go gcuirfeadh múinteoirí a gcuid cainte in oiriúint don chanúint áitiúil agus cuirtear canúint áitiúil chun cinn i

⁶⁶ ‘Barántais chimithe’, *Warrants of committal* (Ionstraim Reachtuil Uimh. 93 de 1997, ina bhfuil breis is 1,200 leathanach, ar fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt an leagan Gaeilge de sa bhliain 2004 – thugamar ‘costais chimithe an chúisí ... chun príosúin’, *the costs of the commitment ... of the accused to prison*, as na Rialacha céanna sin i gCaibidil 6; féach www.courts.ie i gcomhair an leagain Ghaeilge de na Rialacha sin; tá téarmaí agus sleachta as na Rialacha le fáil, chomh maith, ar an gcomhchordacht ar www.gaois.ie).

⁶⁷ Alt 2 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013.



Seán Ó Conaill (1853-1931) agus a bhean chéile Cáit Ní Chorráin (a d'éag ar Lá an Dreoilín, 1935). Maidir leis an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach, agus é faoi réir ag ainmfhocal eile nó ag ainm briathartha, faighimid samplaí den séimhiú agus den easpa séimhithe araon in *Leabhar Sheáin Í Chonaill*: 'an bhladhmsach soluis' (4), 'sgian buile' (7), 'aimsir collata' (41) agus 'a' foghlaim cleas' (4) ar láimh amháin, agus 'oiche dhaighréig' ('dhuibhré') (xxxii), 'dúthaig mhuar chaorach' (21), 'feirm thalún' (42) agus 'a' cur phrátaí' (2) ar an láimh eile.⁶⁸

measc na ndaltaí. Teanga il-lárnaíoch í an Ocsatáinis a thugann tosach áite don éagsúlacht réigiúnach sa chóras scríbhneoireachta. Bíodh agus gur bunaithe ar mhúnla na Fraincise atá caighdeán na Briotáinise agus gur theip air mar phróiseas, glactar ann le noirm áitiúla ... seachas noirm lárnaíoch a cuireadh i bhfeidhm ar an teanga Tá lucht na Corsacaise le tamall anois ag cuimsiú choincheap an *polynomie*. Féachtar ar an gCorsacais mar theanga ina bhfuil éagsúlacht inmheánach na teanga ina gné lárnaíoch den phleanáil teanga agus déantar iarracht aontas teangeolaíochta a bhaint amach trí struchtúr cuimsitheach na teanga a dhiúltaíonn don chéimlathas.⁶⁹

I dtaca le dhá theanga chaighdeánacha na hIorua de, faightear an cur síos comair seo a leanas ar na teangacha sin in *Dictionary of Languages*, le Andrew Dalby:

There are two standard languages in Norway. One, Landsmål 'language of the country' ... is closely and very consciously based on the Norwegian dialects, particularly the country dialects of western Norway. Since 1929 it has been officially called Nynorsk 'New Norwegian'. The other, Riksmål 'national language', now officially Bokmål 'book language', was developed ... by Knud Knudsen and others. It has a strong Danish flavour – but its resemblance is to written, not spoken Danish – and a firmer base in the educated speech of 19th-century Oslo and Bergen. ... Schools can choose either, and many civil servants need to be able to handle both forms. Both are subject to occasional change by parliamentary commission....⁷⁰

⁶⁸ Táim faoi chomaoin ag an Ollamh Máirtín Ó Murchú as na samplaí sin thuas as *Leabhar Sheáin Í Chonaill* a thabhairt dom – féach fonóta 71 thíos.

⁶⁹ Noel P. Ó Murchadha, *op. cit.*, in F. Farr agus M. Moriarty, ead. *Language, Learning and Teaching – Irish research perspectives* (2013), lch 189. I dtaca le *polynomie* féach Julia Sallabank, *Standardisation, prescription and polynomie: can Guernsey follow the Corsican model?: 'Minority-language planning and efforts to revitalise endangered languages have been criticised for ... promoting a prescriptive standard which reproduces hierarchies and hegemonies and diminishes linguistic diversity. An alternative is the concept of 'polynomic' languages, a pluralistic model of language without a single prestige variety or functional distinctions. This model is used in the teaching of Corsican.'*

⁷⁰ Andrew Dalby, *Dictionary of Languages* (1998), lch 459-60.



Údair a raibh scéalta nó dánta nó aistí leo in *An Aimsir Óg*, i dteannta daoine eile a raibh lámh acu i bhfoilsíú an imleabhair thionscnaimh sin, ag an ócáid seolta i gceannáras Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath ar an 25 Márta 2000 (ar cúl, ó chlé): Seán Mac Mathúna, Liam Mac Cóil, Pádraic Breathnach, Muireann Nic Cárthaigh (*RIP*), Cliona Ní Bhréartúin, Caoimhín Ó Baoill agus Liam Prút; (i lár báire) Pádraig Ó Snodaigh, Dara Ó Conaola, Bill Doyle (*RIP*), Seán de Fréine, Mícheál Ó Bréartúin (*RIP*), Colm Breathnach, Michael Davitt (*RIP*), Séamus Breathnach, Art Ó Maolfabhail, Mícheál Ó Gruagáin, Michelle O Riordan, Antain Mag Shamhráin agus Mícheál Ó Cearúil; (chun tosaigh) Marie Whelton, Mairéad Ní Chinnéide (*RIP*), Máire Ní Annracháin, Alan Tittley, Bidy Jenkinson agus Siobhán Ní Shúilleabháin (*RIP*). Faighimid samplaí den séimhiú agus den easpa séimhithe araon ar an ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile i bprós Phádraig Uí Chíobháin, Corca Dhuibhne, in *Aimsir Óg 2000 – Cuid a hAon*: ‘ciumhais coille’ (32), ‘log crainn beithe’ (7), ‘a dhóthain coirce’ (33), ‘adhairt clúimh’ (33) agus ‘i lámh an chinn coimirce’ ar lámh amháin, agus ‘a fhir dhána’ (< ‘dán’) (35), ‘feoil mhadra’ (37) agus ‘cúis gháire’ (37) ar an lámh eile.⁷¹

Agus i dtaca le noirm áitiúla de, scríobh Alan Bliss an méid seo a leanas san ‘Eagrán Gaelach’ den irisleabhar *The Crane Bag* a foilsíodh sa bhliain 1981:

The most important thing of all ... is to do away with the whole concept of standardization, to recognize that there are many varieties of Irish and that just as one spoken variety is as good as another, so one written variety is as good as another. ... Once the desire for total standardization has been broken down it will be possible to establish a number of regional standards, one for each Gaeltacht area – six at least, perhaps more, since in a large area like Donegal it may be desirable to accept more than one regional standard. In these regional standards the spelling can be much simplified, since only a single type of

⁷¹ Is é an tOllamh Máirtín Ó Murchú a thug na samplaí sin ar aird, sa ‘Réamhnóta analíse’ seo a leanas a thug sé dom, thart ar an mbliain 2001, tar éis dom dréacht-tuarascáil a bhí curtha i dtoll a chéile agam ar an séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal eile nó ag ainm briathartha a chur faoina bhráid – tá an nóta iomlán á fhoilsiú anseo le caoinchead Mháirtín Uí Mhurchú:

Séimhiú ar ainmfhocal san fheidhm aitreabúideach, e.g. *cathaoir shúgáin*

1. Ba í an tseanriail gurbh ionann gnás d’aidiachtaí agus d’ainmfhocail aitreabúideacha, e.g. *cuma chluas gcapaill*.

*pronunciation need to be taken into account; but it will still be necessary, of course, to avoid the kind of simplification that complicates the grammar. ... For Gaeltacht primary schools it is essential that the readers provided should be printed in the regional standard appropriate to the area*⁷²

Is amhlaidh go bhfuil coistí pleanála teanga bunaithe faoin tráth seo i bhformhór na 26 limistéar pleanála teanga Gaeltachta atá aitheanta chun críche Acht na Gaeltachta, 2012. Sna Rialacháin um Acht na Gaeltachta, 2012 (Alt 12), 2013,⁷³ rinne an tAire Stáit ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta critéir ‘a fhorordú mar chritéir pleanála teanga’ a mbeadh aird ag an Aire orthu ‘chun pleananna Gaeilge a cheadú le haghaidh Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta’. Mholas sna míonna sula ndearnadh na Rialacháin sin go ndéanfaí alt ar nós ‘Tabharfar aird ar leith i ngach plean teanga ar chur chun cinn shainchanúint an limistéir féin’ a chur san áireamh sna critéir sin, agus mé ag áiteamh san am gur spreagadh a bheadh ina leithéid do phobail Ghaeltachta chun staidéar a dhéanamh ar a gcanúint féin agus í a chur chun cinn, agus go gcuirfeadh an ghné sin bonn láidir faoi na nithe eile a bheadh ina bpleananna teanga.

Dá ndíreofaí ar noirm a chur i dtoll a chéile do scríobh na Gaeilge sna canúintí éagsúla faoi choimirce na gcoistí sin, agus faoi threoir an Chaighdeáin Oifigiúil do scríobh na Gaeilge i réimse na reachtaíochta agus noirm chanúint-neodraigh

-
2. Tá claochlú ag dul ar an ngnás sin le roinnt céadta bliain chomh fada is a bhaineann le hainmfhocail aitreabúideacha de, ach níl an próiseas i gcrích, rud a fhágann mórán éiginnteachtaí agus eisceachtaí ann. In amharc tapaidh ar *Leabhar Sheáin Í Chonaill* chonacthas: *an bhladhmsach soluis* (4), *sgian buile* (7), *aimsir collata* (41) a’ foghlaim *cleas* (4) ACH *oíche dhaighréig (dhuibhré)* (xxxii), *dúthaig mhuar chaorach* (21), *feirm thalún* (42), a’ cur *phrátaí* (2). Ag Pádraig Ó Cíobháin san *Aimsir Óg 2000* tá *ciumhais coille* (32), *log crainn beithe* (7), a *dhóthain coirce* (33), *adhairt clúimh* (33) i *lámh an chinn coimirce*, ACH a *fhír dhána (< dán)* (35), *feoil mhadra* (37), *cúis gháire* (37). Is é an claonadh i gcoitinne an séimhiú a dhul i léig sna foirmeacha seo.
 3. Is é toradh an chlaochlaithe lenár linn féin (i ngnás coimeádach):
 - (a) Séimhiú ar ainmfhocail chinnte, neamhspleách ar inscne an cheannfhocail: *bróga Dhónaill*, *gúna Mháire* 7rl. An gnás maidir le hainmfhocail shonraithe gan a bheith lánbheacht i gcanúintí, e.g. *obair fhear an phoist*, nó
 - (b) Séimhiú (tar éis baininscne) ar ainmfhocail aitreabúideacha nuair is feidhm cháilithe, .i. feidhm aidiachtach, atá acu, seachas feidhm shealbhach, e.g. *cathaoir shúgáin* 7rl. .: *culaithe bhréidín*, *coinneal chéireach* 7rl.; féach *cos mbaide v *cos maide* 7rl.
 - (c) Séimhiú caomhnaithe i bhfrásaí calctha, e.g. *cúis gháire*, *stail chapail* 7rl. le liostáil in aon chuntas.
 - (d) Gan séimhiú thairis sin, e.g. *airde mná*, agus go háirithe gan séimhiú sna cásanna 6.I (b)-(g) [sa Chaighdeán Oifigiúil – féach Foscribhinn 1].
 4. Rialacha fóneolaíochta, .i. *d, n, t, l, s, f* mar atá tuarascálta.

⁷² Alan Bliss, *The Standardization of Irish*, in *The Crane Bag*, Iml. 5, Uimh. 2, 1981, lch 80-81.

⁷³ Ionstraim Reachtuil Uimh. 357 de 2013 (<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/si/357/made/en/pdf>).

mholta do scríobh na Gaeilge do na réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta, le nasc foirmiúil idir na Coistí éagsúla a bheadh freagrach as an gCaighdeán Oifigiúil agus as na noirm,⁷⁴ éirí amach a bheadh ann don Ghaeilge.

I dtaca le norm molta do scríobh na Gaeilge do na réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta, tá foráil i reachtaíocht 2013, faoi mar a chonaiceamar san Fhoscríbhinn roimhe seo, maidir le Coiste a bhunú chun cuidiú le hathbheithnithe ar an gCaighdeán Oifigiúil, ach ní bheadh a bhac ar an dara Coiste a bhunú, ar faoina stiúir a chuirfí norm i dtoll a chéile do scríobh na Gaeilge lasmuigh de réimse na reachtaíochta – Coiste a bheadh faoi cheannas Roinn na Gaeltachta agus na Roinne Oideachais, b'fhéidir, agus ar a mbeadh ionadaíocht ag Rannóg an Aistriúcháin, agus ag na coistí pleanála teanga Gaeltachta. Thógfaí ar an obair atá déanta cheana féin sa dá shaothar ina ndearnadh athbheithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil ó 2010 i leith. D'fhágfadh sin sairse ag Rannóg an Aistriúcháin díriú ar an gCaighdeán Oifigiúil a athbheithniú do réimse na reachtaíochta, i gcomhar le haistritheoirí a bhíonn ag plé le reachtaíocht ón Aontas Eorpach agus le hIonstraimí Reachtúla, mar a luadh thuas, mar aon le teangeolaithe agus scoláirí eile Gaeilge.

Chun sampla amháin a thabhairt anseo den bhuntáiste a ghabhfadh lena leithéid, breathnaímis anseo thíos ar an gcuid tosaigh de chaibidil tosaigh an Chaighdeáin Athbheithnithe, mar a bhfaightear cur síos ‘nua’ (sa mhéid nach bhfuil sé bunaithe ar a bhfuil sa Chaighdeán Oifigiúil) ar an alt. Chonaiceamar i gCaibidil 5 gur ‘[d]e ghrá na simplíochta, agus ar iarratas múinteoirí agus daoine eile’ a ‘cuireadh ar ceal an mhalairt litrithe don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha i gcás ainmneacha briathartha den Dara Réimniú a chríochnaíonn ar *-í*’⁷⁵ sa Chaighdeán Oifigiúil. Tugann an cur síos ar an alt a fhaightear sa Chaighdeán Athbheithnithe léiriú dúinn ar an tslí a bhféadfadh réimse na reachtaíochta a bheith thíos leis an iarracht ar fhreastal, san aon Chaighdeán amháin nó san aon saothar amháin, ar réimse na reachtaíochta agus ar scríobh na Gaeilge i réimsí lasmuigh den réimse sin in éineacht. Agus sinn ag breathnú ar an gcur síos sin ar an alt, scrúdaímis é, chomh maith, maidir lena bheith ina threoir ar an alt sa Ghaeilge sna réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta agus i réimse na reachtaíochta araon, i gcomhthéacs a bhforáiltear i reachtaíocht thuasluaite 2013 faoin gCaighdeán Oifigiúil a bheith ‘mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge’.

⁷⁴ D'fhéadfadh Roinn na Gaeltachta, nó Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge (atá freagrach as na heagraíochta pleanála teanga a roghnú sna limistéir phleanála teanga Gaeltachta agus sna líonraí Gaeilge, faoi seach), ionadaithe a ainmniú ó na coistí pleanála teanga thuasluaite i gcás an Choiste ar na réimsí den teanga lasmuigh de réimse na reachtaíochta.

⁷⁵ Lch xi sa Réamhrá a ghabhann leis an gCaighdeán Oifigiúil.

An t-alt

Réimse na reachtaíochta


Is mar seo a leanas a chuirtear tús le halt 1.1 den Chaighdeán Athbhreithnithe:

Níl ach alt amháin sa Ghaeilge – an t-alt cinnte. Níl aon alt éiginnte ann.

Ós rud é go bhfuil alt cinnte agus alt éiginnte i roinnt teangacha, an Béarla mar shampla, is minic an t-alt cinnte á fhágáil ar lár i gcás teidil, gan dochar don bhrí: mar shampla, *Finance Minister*. Tuigtear gurb ionann *Finance Minister* agus *the Finance Minister*; *Department of Education* agus *The Department of Education*. Sa Ghaeilge, áfach, toisc nach bhfuil aon alt éiginnte ann, ní mór an t-alt a úsáid i gcásanna den sórt sin: *An tAire Airgeadais*; *An Roinn Oideachais*; *An Oifig um Rialú Tobac*; *An Phríomb-Oifig Staidrimh* (ach, ar ndóigh, *Príomb-Oifig Staidrimh na hÉireann*).

Is amhlaidh, áfach, gurb é an gnás sna hIonstraimí Reachtúla ‘Aire Airgeadais’, mar shampla, a chur tar éis ainm an Aire áirithe sin nuair a thugtar Aire déanta an Ordaithe nó na Rialachán san Ionstraim – ar ndóigh, níl ach an t-aon Aire Airgeadais amháin againn sa Stát. Is faoi shéala Brendan Howlin T.D., ‘Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe’, a tugadh an tOrdú fán Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013 – (Tosach Feidhme), 2013, ar an 10 Meitheamh 2013 – is é sin, an tOrdú faoinar ceapadh an 14ú lá den mhí sin mar an lá a dtiocfadh an tAcht sin, faoina bhfuil athbhreithniú le déanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil gach seacht mbliana ar a laghad, i ngníomh.⁷⁶ An chéad abairt atá san Ionstraim sin ná ‘I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 5(3) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013 (Uimh. 3 de 2013), ordáimse, Brendan Howlin, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leis seo mar a leanas’. Mar a chéile,

⁷⁶ Cf. an Fhoscríbhinn roimhe seo thuas, Foscríbhinn 8, agus féach <http://www.irishstatutebook.ie/2013/ga/si/0198.html> –



is faoi shéala Éamoin Uí Chuív, ‘Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta’, a rinneadh na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Alt 9), 2008 (I.R. Uimh. 391 de 2008),⁷⁷ mar shampla. Agus is faoi shéala Alan M. Dukes, ‘Aire Airgeadais’, ar an 2 Samhain 1984, a rinneadh na Rialacháin a fhaightear in Ionstraim Reachtuil Uimh. 275 de 1984 (de réir an leagain Bhéarla fiú).⁷⁸

Is amhlaidh go dtagann a leithéidí le fasaigh a théann siar os cionn nócha bliain i reachtaíocht an Stáit. Gabhann ‘Aire Airgeadais’ leis an ainm ‘Earnán de Blaghd’ i ndeireadh an Ordaithe a rinne an tAire sin ar an 21ú lá d’Fheabhra, 1924, ag socrú ‘Costaisí Clárachta’,⁷⁹ agus gabhann ‘Aire um Rialtas Áitiúil’ le hainm an Bhlaghdaigh in Ordú Béarla a rinne sé ar an 20 Aibreán 1923 agus a foilsíodh ar an *Iris Oifigiúil* ar an 1 Bealtaine 1923.⁸⁰

Níos faide ar aghaidh san alt sin 1.1 sa Chaighdeán Athbheithnithe scríobhtar: ‘Nuair atá brí theibí, nó brí ghinearálta, leis an ainmfhocal, is iondúil an t-alt a úsáid’.⁸¹ Ar na samplaí a thugtar tá ‘tugadh isteach an colscaradh in Éirinn roinnt blianta ó shin’ agus ‘forbairt na tuaithe’. Go minic sa reachtaíocht, áfach, go háirithe i dteidil nó i gceannteidil, is amhlaidh nach mbíonn an t-alt ag gabháil le hainmfhocail theibí. ‘An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996’ atá mar theideal ar Acht Uimh. 33 de 1996, mar shampla, agus in alt 1 den Acht um Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007, faightear an ‘míniú’ seo a leanas:

folaíonn “forbairt tuaithe” ... gníomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn agus a chothú agus tacaíocht a thabhairt don chéanna i limistéir thuaithe⁸²

⁷⁷ Féach <http://www.ahg.gov.ie/ie/AnGhaeilge/AchtnadTeangachaOifigiula2003/Reachtaiocht>. Cuirtear tús leis an Ionstraim Reachtuil sin mar a leanas: ‘I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hait 4(2) agus 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Uimh. 32 de 2003), déanaimse, Éamon Ó Cuív, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, leis seo, na Rialacháin seo a leanas’.

⁷⁸ Féach <http://www.irishstatutebook.ie/1984/en/si/0275.html>.

⁷⁹ Orduithe agus Rialacha Puiblí, 1924, Uimh. 6.

⁸⁰ Féach <http://www.irishstatutebook.ie/1923/en/si/v11pg41.html> (an *Registration of Electors (Police) Order, 1923*). Gabhann ‘Aire um Tiúscal agus Tráchtáil (*Minister of Industry and Commerce*)’ leis an ainm ‘S. MACGRAITH’ sna hOrduithe agus Rialacha Puiblí, 1923, Uimh. 14, mar shampla (is mar ‘tiúscal’ a fhuaimnítear ‘tionnscal’ san Iarmhuhain, dar leis an Duinníneach, s.v. ‘tionnscal’).

⁸¹ Má tá i gceist an abairt sin a bheith san áireamh sa chéad Chaighdeán Oifigiúil eile, níor mhiste tagairt a dhéanamh inti do leithéid *l’amour* na Fraincise, go háirithe má tá an abairt as an gCaighdeán Athbheithnithe a tugadh sa chéad sliocht sin thuas as le bheith ann (i.e., ‘Ós rud é go bhfuil alt cinnte agus alt éiginnte i roinnt teangacha, an Béarla mar shampla’).

⁸² Aistriúchán atá ansin ar an abairt seo a leanas: “*rural development*” includes ... the promotion, fostering and support of economic, social and cultural activities in rural areas by the implementation of a broad range of schemes

Agus téacs dlí á aistriú ní mór bheith dílis don bhuntéacs – is mar ‘colscaradh’ a aistrítear a *divorce* san abairt seo a leanas in alt 5(3) den Acht um Shainchónaí agus Aithint Colscarthaí Coigríche, 1986, mar shampla, cé gur dócha go bhfaighfí ‘an colscaradh’ sa chomhthéacs seo murach gur téacs dlí agus aistriúchán atá ann in éineacht:

A divorce granted in any of the following jurisdictions – ... England and Wales ... shall be recognised if either spouse is domiciled in any of those jurisdictions.
‘Déanfar colscaradh a dheonófar in aon cheann de na dlínsí seo a leanas – ... Sasana agus an Bhreatain Bheag ... a aithint má bhíonn sainchónaí ar cheachtar céile in aon cheann de na dlínsí sin.

Seo a leanas teideal roinnt Achtanna a achtaíodh le blianta beaga anuas agus a gcuirfí an t-alt isteach roimh an ainmfhocal iontu a bhfuil ‘brí theibí, nó brí ghinearálta, leis’ dá mbeidís i réimse eile lasmuigh de réimse na reachtaíochta:

‘An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015’,⁸³ ‘An tAcht um Fhiachas Sibhialta (Nósanna Imeachta), 2015’,⁸⁴ ‘An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015’,⁸⁵ ‘An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015’,⁸⁶ ‘An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014’,⁸⁷ ‘An tAcht um Chosaint na Beatha le Linn Toirchis, 2013’,⁸⁸ ‘An tAcht um Barántas Gabhála Eorpach (Feidhm maidir le Tríú Tíortha agus Leasú) agus um Eiseachadadh (Leasú), 2012’,⁸⁹ ‘An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2010’,⁹⁰ ‘An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010’,⁹¹ ‘An tAcht um Chlúmhilleadh, 2009’,⁹² ‘An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 2009’,⁹³ ‘An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta (Leasú), 2007’,⁹⁴ ‘An tAcht Cógaisíochta, 2007’,⁹⁵ ‘An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí, 2005’,⁹⁶ ‘An tAcht um Fháltais ó Choireacht (Leasú),

⁸³ *The Personal Insolvency (Amendment) Act 2015.*

⁸⁴ *The Civil Debt (Procedures) Act 2015.*

⁸⁵ *The Criminal Justice (Terrorist Offences) (Amendment) Act 2015.*

⁸⁶ *The Regulation of Lobbying Act 2015.*

⁸⁷ *The Competition and Consumer Protection Act 2014.*

⁸⁸ *The Protection of Life During Pregnancy Act 2013.*

⁸⁹ *The European Arrest Warrant (Application to Third Countries and Amendment) and Extradition (Amendment) Act 2012.*

⁹⁰ *The Prevention of Corruption (Amendment) Act 2010.*

⁹¹ *The Criminal Law (Insanity) Act 2010.*

⁹² *The Defamation Act 2009*

⁹³ *The Industrial Development Act 2009.*

⁹⁴ *The National Development Finance Agency (Amendment) Act 2007.*

⁹⁵ *The Pharmacy Act 2007.*

⁹⁶ *The Maritime Safety Act 2005.*

2005’,⁹⁷ agus ‘An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000’.⁹⁸

Má tógaimid ‘an fheirmeoireacht’ chun léiriú a thabhairt ar an ngnás anseo ó chorp dhá Acht, féach gur ‘ó fheirmeoireacht’ a fhaightear sa dá shliocht seo a leanas as Achtanna ó na blianta 2012 agus 2008, faoi seach:

‘an t-ioncam bliantúil comhlán arbh fhéidir a bheith ag súil leis ... go bhfaigheadh an feirmeoir ... ó fheirmeoireacht nó ó aon chineál eile féinfhostaíochta’⁹⁹

agus

‘iocaíocht le pearsa aonair shonraithe ... ar ina leith a bheadh an phearsa aonair shonraithe ... inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim ar ... na gnóchain ó fheirmeoireacht don bhliain mheasúnachta 2007’.¹⁰⁰

Agus tabhair do d’aire nach ngabhann an t-alt roimh ‘scríbhneoireacht’ sa mhíniú ar an gCaighdeán Oifigiúil a fhaightear in alt 2 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013:

ciallaíonn “An Caighdeán Oifigiúil” caighdeán oifigiúil na Gaeilge ... atá le húsáid sa reachtaíocht ... agus mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge.

Ar ndóigh, bheadh an dá phointe bhunúsacha thuasluaite sin i dtaca leis an alt a fhaightear sa Chaighdeán Athbhreithnithe ar eolas ag an té a bheadh ag plé le réimse na reachtaíochta. Ar an láimh eile, b’fhiú na cásanna sin thuas nuair nach mbíonn an t-alt ag gabháil leis an ainmfhocal a chur san áireamh i leagan athbhreithnithe den Chaighdeán Oifigiúil a bheadh dírithe ar réimse na reachtaíochta.¹⁰¹

⁹⁷ *The Proceeds of Crime (Amendment) Act 2005.*

⁹⁸ *The Planning and Development Act 2000.* I dtaca le líon na dteideal sin thuas ina bhfaightear ‘um’ roimh an ainmfhocal a bhfuil ‘brí theibí, nó brí ghinearálta, leis’, ní hamhlaidh nach bhfaightear an t-alt i ndiaidh ‘um’, mar a léiríonn an nath aithnidiúil ‘um an taca seo’ – agus féach, mar shampla, ‘An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996’, ar tagraíodh dó thuas, nó ‘An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1997’, mar shampla.

Díol spéise i gcomhthéacs na dteideal sin thuas é an nóta seo a leanas a chuir an Duinníneach lena iontráil ar ‘um’:

the sense of intention or purpose is absent from um: Cumann um Churadóireacht, Society for the promotion of Tillage is therefore incorrect; as also the phrase Acht um, an Act to or for.

⁹⁹ *the gross yearly income which the farmer ... may ... be expected to receive from farming or any other form of self-employment* (mír (9)(b) i Riail 1 i gCuid 2 de Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna hionadú le halt 7(1) den Acht Leasa Shóisialaigh, 2012).

¹⁰⁰ *a payment to a specified individual ... in respect of which the specified individual would ... be chargeable to income tax on the ... gains from farming for the year of assessment 2007* (alt 657B(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna ionadú le halt 20 den Acht Airgeadais, 2008).

¹⁰¹ B’fhiú, chomh maith, mar chuid den athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil ar mhaithe


San iarracht chun go mbeadh an Caighdeán Oifigiúil ‘mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge’ tá an baol ann go gcaillfear bua a bhaineann leis an gCaighdeán Oifigiúil don duine a bhíonn ag plé le réimse na reachtaíochta, is é sin, an tslí nach ndéantar iarracht ar gach uile ghné de scríobh na Gaeilge a chuimsiú, ach gur leabhar tagartha atá ann, ar féidir é a cheadú i gcásanna ina mbíonn amhras ar dhuine agus cáipéis oifigiúil á scríobh, nó Acht á aistriú nó Ionstraim Reachtuil á haistriú, aige nó aici, ach go háirithe. Ní hionann Caighdeán Oifigiúil agus graiméar.

Mar fhocal scoir anseo, san athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil, tá aithneantas ag dul do na gnásanna teanga atá léirithe sa chorpas mór reachtaíochta Gaeilge atá foilsithe le breis is leathchéad bliain anuas, bunaithe ar thuiscint na n-aistritheoirí ar rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil.¹⁰²

le réimse na reachtaíochta, staidéar a dhéanamh ar chásanna eile ar fad nuair nach n-aistrítear an t-alt Béarla – féach, mar shampla, *if so requested by a candidate or the representative of a candidate*, ‘má iarrann iarrthóir no ionadaí iarrthóra san air’ (alt 13(2) d’Acht Toghachán an Uachtaráin, 1937), nó *Affiliation Order made on the application of the mother*, ‘Ordú Atharthachta arna dhéanamh ar iarratas ón máthair’ (an ceannteideal ar Fhoirm 20 i Scideal B a ghabhann leis na Rialacha Cúirte Dúiche (An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976), 1976 [Ionstraim Reachtuil Uimh. 96 de 1976]). B’fhiú tagairt a dhéanamh, chomh maith, don tslí a mbogann ionad an ailt nuair a bhíonn an t-ainmfhocal teibí agus eile cáilithe – m.sh., ‘agus an caighdeán inniúlachta is gá le haghaidh na céime sin’, *and the standard of proficiency required for admission thereto* (alt 3(1) d’Acht na dTréidlia, 1952), agus ‘agus seachadfaidh sé iad láithreach ar an ardoifig phoist is cóngaraí’, *and forthwith delivered by the returning officer to the nearest head post office* (alt 3(4) sa Scideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986) – mar a chonaiceamar thuas i gcás an teidil ‘An tAcht Cógaisíochta, 2007’, is amhlaidh go bhfaightear go leor samplaí sna hAchtanna den alt roimh aonaid den chineál sin ina mbíonn an t-ainmfhocal teibí sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal eile.

¹⁰² Ba mhó a bheadh an teanga thuas lena leithéid in áit na béime atá sa Chaighdeán Athbhreithnithe ar athruithe a dhéanamh ar na gnásanna teanga sin.

Níor mhiste an deis seo a thapú chun tagairt a dhéanamh do leagan amach Achtanna an Oireachtais le tamall anuas, cé nach mbaineann sé go díreach leis an bpointe sin thuas. Tuigim gur ar mhaithe leis an leagan Gaeilge d’Achtanna a chur ar fáil chomh tapa agus is féidir a d’éirigh Rannóg an Aistriúcháin as focail a roinnt nuair a bhíonn



profaí d’Achtanna clóchurtha á léamh agus á gceartú acu, ach is ceart filleadh ar fhocail a bhriseadh, mar a dhéantaí ó tosaíodh ar Achtanna a aistriú – i gcás na Gaeilge, ach go háirithe, mar a bhfaightear an oiread sin comhfhocal, focal le réimireanna nó iarmhíreanna agus focal coimrithe, is amhlaidh go gcuirfeadh sé le héascaíocht na léitheoireachta na focail a bhriseadh. Féach, mar shampla, ar theideal fada an Achta um Rialáil Tacsaithe, 2013: d’fhéadfaí an comhfhocal ‘beagfheithiclé’ a bhriseadh go héasca i ndiaidh ‘beag’; ach an briseadh sin a dhéanamh

Réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta


Faightear dhá mhír sa Chaighdeán Athbheithnithe idir an dá shliocht as an gCaighdeán sin a tugadh thuas – ceann amháin ar an alt agus é i dtagairtí do dhátaí agus an ceann eile ar an alt agus é i dteideal duine roimh ainm dílis. I dtaca le tagairtí do dhátaí, cuirtear síos ar an ngnás i réimse na reachtaíochta, mar a bhfágtar ‘ar’ ar lár, agus ar an ngnás sna réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta, mar a bhfaightear ‘ar’:

Ní mór an t-alt a úsáid i gcónaí nuair a dhéantar tagairt do dhátaí: *an 12 Aibreán* nó *an 12ú lá d’Aibreán*. Is féidir an réamhfhocal *ar* a fhágáil ar lár: *pósfaidh siad an 26 Feabhra* nó *pósfaidh siad ar an 26 Feabhra*.

Baineann an mhír ar an alt i dteideal duine roimh ainm dílis le réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta, agus le réimse na scolaíochta ach go háirithe:

Ní mór an t-alt a úsáid i dteideal duine roimh ainm dílis: *An tAthair Peadar Ua Laoghaire*, *An Captaen Ó Murchú*, *An tUachtarán Ó Cinnéide*, *An Múinteoir Pól*. Tá sé thar a bheith tábhachtach an t-alt a úsáid i gcás den sórt sin, go háirithe i gcás ainmneacha gallda agus ainmneacha Gaeilge nach n-athraítear sa tuiséal ginideach. Cuir i gcás na habairtí *múinteoir Kate* agus *múinteoir Ailbhe* – ciallaíonn siad sin *an múinteoir atá ag Kate* agus *an múinteoir atá ag Ailbhe*, faoi seach. Mar sin, is iad na teidil chearta ar na múinteoirí Kate agus Ailbhe *An Múinteoir Kate* agus *An Múinteoir Ailbhe*, más múinteoirí iad Kate agus Ailbhe.

Mar sin, is treoir fhíorbhunúsach i dtaca le húsáid an ailt a thugtar sa Chaighdeán Athbheithnithe. I gcomhthéacs an Caighdeán Oifigiúil a bheith ‘mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge’, de réir na reachtaíochta nua, is amhlaidh go bhfaightear treoir níos iomláine sa chaibidil ar an alt in *Leabhar Gramadaí Gaeilge* le Nollaig Mac Congáil.¹⁰³ Ar na míreanna a fhaightear sa chaibidil sin tá cinn faoi na ceanteidil ‘Na hÓcáidí ar a mBaintear Úsáid as an Alt’ agus ‘An tAlt Dúbailte’. Is é an t-alt dúbailte sa Bhéarla atá i gceist sa mhír dheiridh sin, mar shampla, áit a ndíríonn Mac Congáil aird ar an tslí nach mbíonn ach alt amháin (an dara ceann) sa Ghaeilge ag freagairt don alt dúbailte sin, is é sin, *the hat of the man*, ‘hata an fhir’.¹⁰⁴



ní bheadh an spás mór sa líne ina dhiaidh sin ach, ag díriú ar an líne mar atá, bheadh briseadh breá sa líne sin i ndiaidh ‘chion’ in ‘chiontaítear’; arís, dá mba ghá, i gcás ‘Méad-reolaíochta’, bheadh briseadh nádúrtha ann i ndiaidh ‘Méad’, leis an gcoimriú a leanann an siolla tosaigh sin.

¹⁰³ Nollaig Mac Congáil, *Leabhar Gramadaí Gaeilge* (an séú cló, 2010, Conamara) – tá an graiméar sin ‘[b]unaithe go hiomlán ar Fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill’.

¹⁰⁴ *Ibid.*, lch 26 – i nóta a ghabhann leis sin, deir sé:

Ach ghlacfadh an tOllamh Mac Congáil féin leis go bhfuil an gradam ‘an treoir’ ar an alt sa Ghaeilge le roinnt, b’fhéidir, idir *Gnás na Gaedhilge* (1940), leis an Ollamh Cormac Ó Cadhlaigh, mar a dtógtar ar an gcaibidil atá aige ar an alt i leabhar leis ó na 1920aí dar teideal *Ceart na Gaedhilge (Irish Syntax)*, agus *Coimbréir Ghaedhilg an Tuaiscirt* (1939), leis an Dr Séamus Ó Searcaigh. Má fhillimid ar abairt sin an Chaighdeáin Athbheithnithe ‘Nuair atá brí theibí, nó brí ghinearálta, leis an ainmfhocal, is ionduíl an t-alt a úsáid’, féach mar a chlúdaítear sin, faoin gceannteideal ‘an t-ainm teibidhe’, in alt 239 de *Gnás na Gaedhilge*:

(ii) An t-alt roimh an ainm:

(a) d’á thaisbeáint gur ar cháilíocht nó ar thréith nó ar stáid áirithe atá trácht:

‘Ní fiú é trácht air seachas an t-olc a dheinis le gníomh uait féin.’¹⁰⁵

‘Níor thuig na teachtairí an umhluigheacht san’.¹⁰⁶

(b) d’á thaisbeáint gur ar cháilíocht nó ar thréith nó ar stáid ina hiomláine atá trácht:

‘Pé maith a déanfaí dhuit ní bhfaghfaí uait d’á bharr ach an t-olc’.¹⁰⁷

‘Is í an umhluigheacht bun-phréamh gach maitheasa i gcroidhe an duine’.¹⁰⁸

Úsáidtear an t-ainmfhocal teibí ‘maol lom gan alt, go minic’, chomh maith, chun an gnó sin in (b) thuas a dhéanamh, a deir sé, agus cuireann sé ‘Caradas agus muíntearthas agus grádh agus ionmhuine is iad a tharaingean chun aimhleasa leath an tsaoghail’,¹⁰⁹ mar shampla, i gcomórtas leis an tsolaoid ‘Is galar cráidhte an grádh’, mar shampla.

Is é an t-ainmfhocal teibí gan alt is ábhar don mhír tosaigh den alt sin 239 aige, chomh maith:

(i) An t-ainm lom gan alt: trácht ar cháilíocht nó ar thréith nó ar stáid mar rud dob fhéidir a thadhall, nó a greamú, nó a roinnt ina chodaibh:

‘An amhlaidh a mheasfá a rádh nár dheineas olc ort le n-ar thugas ded’ chuid airgid do bhochtaibh Dé?’¹¹⁰

... baineann an riail seo a leanas leis na hócáidí sin ar a n-úsáidtear an t-alt sa Ghaeilge ach nach n-úsáidtear é sa Bhéarla: ‘muintir na hÉireann’, *the people of Ireland*; ‘cathracha na Fraince’, *the cities of France*. Nuair a thagann ‘gach’, nó aidiachtaí sealbhacha in ionad an ailt, roimh an dara hainmfhocal: ‘doras gach tí’, *the door of every house*; ‘fuinneoga a seomra’, *the windows of her room*.

¹⁰⁵ An tAthair Peadar Ó Laoghaire, *Séadna* (1904), lch 271 – in *Gnás na Gaedhilge* is é an nod don leabhar sin a thugtar agus ní bhfaightear uaschamóga, ach oiread; is amhlaidh do na samplaí eile as an leabhar sin a thugtar anseo, chomh maith.

¹⁰⁶ An tAthair Peadar Ó Laoghaire, *Seanmóin is Trí Fichid, I* (1909), lch 12.

¹⁰⁷ *Séadna*, lch 266.

¹⁰⁸ *Seanmóin is Trí Fichid, I*, lch 12.

¹⁰⁹ *Séadna*, lch 275.

¹¹⁰ *Ibid.*, lch 271.

‘Múinean san úmhluigheacht do’n duine.’¹¹¹

Thagraíomar thuas don mhír atá ag Nollaig Mac Congáil faoin gceannteideal ‘Na hÓcáidí ar a mBaintear Úsáid as an Alt’ agus faightear go leor míreanna ar an ábhar sin in *Gnás na Gaedhilge*, chomh maith, agus in *Coimbréir Ghaedhilg an Tuaiscirt* le Séamus Ó Searcaigh, mar a bhfaightear scór leathanach ar an alt, i gcaibidil tosaigh an leabhair. Bíonn an t-alt roimh ainmneacha laethanta na seachtaine ‘nuair is ainmfhocail iad’,¹¹² roimh ainmneacha na míonna¹¹³ agus na ráithí,¹¹⁴ roimh ainmneacha teangacha¹¹⁵ agus ‘roimh ainmneacha thíortha na hEorpa’,¹¹⁶ a scríobhann an Dr Ó Searcaigh.¹¹⁷ Agus bíonn an t-alt roimh ‘céadta’, ‘mílte’, ‘sluaithe’ agus ‘blianta’, a scríobhann sé, ‘áit a gcuireann sé béim ar na focla sin’.¹¹⁸

Sa bhliain 1950 thóg Séamus Ó Searcaigh ar a bhfuil sa leabhar sin aige, agus ar a bhfuil i leabhair thuasluaite Chormaic Uí Chadhlaigh, in alt leis dar teideal *Some uses and omissions of the article in Irish*.¹¹⁹ I gcomhthéacs na míre sin faoin gceannteideal ‘An tAlt Dúbailte’ in *Leabhar Gramadaí Gaeilge* le Nollaig Mac Congáil, mír ar thagraíomar di thuas, féach, mar shampla, an tslí a gcáilítear an riail go bhfágtar an t-alt ar lár roimh ainmfhocal cinnte a bhfuil ainmfhocal cinnte sa ghinideach faoi réir aige¹²⁰ in alt sin Shéamuis Uí Shearcaigh:

If, however, a demonstrative adjective qualifies the governing noun, the article is retained.

An sampla tosaigh a thugtar san alt mar léiriú air sin ná ‘Is dócha gur airigh an bhean úd an fheasa an ráfla céadna’, as *Séadna*,¹²¹ ar sampla é den alt dúbailte

¹¹¹ *Seanmóin is Trí Fichid*, I, lch 93.

¹¹² Séamus Ó Searcaigh, *Coimbréir Ghaedhilg an Tuaiscirt* (BÁC 1939; athchló 1954), lch 3 – m.sh., ‘Ní maith liom an Aoine’.

¹¹³ *Ibid.*, lch 4 – m.sh., ‘An tSamhain’.

¹¹⁴ *Ibid.*, lch 4-5 – m.sh., ‘An Samhradh’.

¹¹⁵ *Ibid.*, lch 11 – m.sh., ‘An Fhraincis’.

¹¹⁶ *Ibid.*, lch 15 – m.sh. ‘An Fhrainc’.

¹¹⁷ Deir Nollaig Mac Congáil (*op. cit.*, lch 24-25), i dtaca leis na hócáidí ar a mbaintear úsáid as an alt, go n-úsáidtear ‘go minic’ é le hainmneacha tíortha, mór-ranna, aibhneacha agus bailte, mar shampla (ar nós ‘an tSionainn’), ‘go hiondúil’ le hainmneacha teangacha (ar nós ‘an Ghaeilge’) agus ‘go minic’ le laethanta na seachtaine, le roinnt de na míonna, agus le féilte agus séasúir na bliana (ar nós ‘lár na Bealtaine’ [ag freagairt do *the middle of May* sa Bhéarla]).

¹¹⁸ Séamus Ó Searcaigh, *op. cit.*, lch 10 – m.sh. ‘Bhí na céadta ann’ agus ‘Chaith sé na blianta i Meirice’.

¹¹⁹ In *The Journal of Celtic Studies* 1, 1950, lch 239 ar lean.

¹²⁰ Is í an abairt ‘Bhí mac an fhir tinn’, *The man’s son was ill*, a thugann an Dr Ó Searcaigh (*op. cit.*, lch 240) mar shampla tosaigh den riail sin san alt sin leis.

¹²¹ Aistríonn an Dr Ó Searcaigh (*op. cit.*, lch 240) an abairt sin as *Séadna* (lch 182) mar *It is probable that that woman of the fortune-telling heard the same rumour.*



sa Ghaeilge.¹²² Agus tá an t-alt dúbailte sin ar na hábhair a phléitear in aiste le Séamus Mac Mathúna a foilsíodh le blianta beaga anuas, faoin teideal *On the definite article and definite descriptions in Irish*.¹²³ Sa sliocht seo a leanas an aiste sin, tráchtann Mac Mathúna ar an alt i gcoitinne sa Ghaeilge – léiriú atá ann, chomh maith, ar an difear idir an treoir ar an alt a fhaightear san aiste sin agus an treoir ar an alt atá sa Chaighdeán Athbhreithnithe:

*... the most common use of the definite article in the language is anaphoric. The definite expression refers to some previous antecedent in the discourse. This antecedent, however, need not be lexically identical with the anaphoric noun phrase.*¹²⁴

Mar fhocal scoir anseo, is díol spéise i gcomhthéacs aistriúchán oifigiúil de é an nóta bunleathanaigh seo a leanas leis an Dr Ó Searcaigh in *Coimhréir Ghaedhilg an Tuaiscirt*: ‘... is léir gurab é nádúir na Gaedhilge Roinn an Oideachais, Aire an Airgid, Bord na Tráchtála, 7c., a rádh’.¹²⁵ Baineann sin le hábhar an staidéir seo ach go háirithe sa mhéid go ndealraíonn sé go raibh tionchar ag an teideal ‘An Roinn Cosanta’ ar chur chun cinn an díchéimhithe ar an ainm briathartha sa ghinideach agus, i dteannta leithéid ‘An Roinn Comhshaoil’,¹²⁶ ar chur chun

¹²² Tugtar an abairt sin as *Séadna* in *Gnás na Gaedhilge*, chomh maith, mar shampla den tslí nach ligtear an t-alt ar lár roimh ainmfhocal cinnte a mbíonn tuiseal ginideach cinnte ina dhiaidh ‘nuair a bhíonn aidiacht taisbeántach leis an gcéad ainm’ (*op. cit.*, lch 193). Ní ligtear an t-alt ar lár, ach oiread, nuair ‘is aon ní amháin an dá fhocal le chéile’, mar atá in ‘An fhaid a bhíodh an uair a’ chloig ag imtheacht’, mar shampla, nó ‘Ag rádh na Coróinneach Muire’, as *Séadna* (lch 245 agus lch 123, faoi seach) – cf. *Gnás na Gaedhilge*, lch 194.

¹²³ In *Saltair Saíochta, Sanasaíochta agus Seanchais – A Festschrift for Gearóid Mac Eoin*, eag. Dónall Ó Baoill, Donncha Ó hAodha agus Nollaig Ó Muraíle (2013) – féach lch 166 ar lean., ach go háirithe, i dtaca leis an alt dúbailte sa Ghaeilge.

¹²⁴ *Ibid.*, lch 155.

¹²⁵ Séamus Ó Searcaigh, *op. cit.*, lch 9 – gabhann an nóta sin leis an riail seo a leanas sa ghraiméar sin go gcuirtear an t-alt roimh an ainmfhocal teibí: ‘Má’s ainm teibidhe nó ainm-fhocal a bhfuil ciall fhoirleathan leis a bhíos mar gheinidein, cuirtear an t-alt roimhe’ – tugann an Dr Ó Searcaigh na samplaí seo a leanas ina dhiaidh sin: ‘Cá bhfuil fear an airgid?’, ‘Isé giolla an uilc é’, ‘Cuideochaidh sé leat ar uair an riachtanaís’ agus ‘Laige an duine is cúis le mórán de bhuidheadh an tsaoghail’.

¹²⁶ Is é ‘an Roinn Comhshaoil’ an sampla tsaigh a thugtar de riail díchéimhithe teideal aonad riaracháin nó gnó sa Chaighdeán Athbhreithnithe agus áirítear ‘buíon cosanta’ agus ‘caisleáin cosanta’ ar eiseamláirí dhíchéimhiú an ainm bhriathartha sa ghinideach ann.

cinn an dÍshéimhithe i dteidil oifigiúla. Díol spéise é comórtas a dhéanamh idir teidil Ranna Rialtais agus teidil Ranna Ollscoile ó thaobh an ailt de – tagraítear do ‘Roinn na Tíreolaíochta’, mar shampla, in Ollscoileanna seachas do ‘an Roinn Tíreolaíochta’.¹²⁷

An Riail

Chonaiceamar i gCaibidil 5 gur ‘[d]e ghrá na simplíochta, agus ar iarratas múinteoirí agus daoine eile’ a ‘cuireadh ar ceal an mhalairt litrithe don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha i gcás ainmneacha briathartha den Dara Réimniú a chríochnaíonn ar *-ú*’¹²⁸ sa Chaighdeán Oifigiúil. I gCaighdeán Athbhreithnithe 2012, ar an láimh eile, tugtar malairt litrithe isteach don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha ní amháin i gcás ainmneacha briathartha den Dara Réimniú a chríochnaíonn ar ‘-ú’ ach i gcás ainmneacha briathartha den Chéad Réimniú, chomh maith, d’fhonn foirm na haidiachta bhriathartha agus foirm ghinideach an ainm bhriathartha a idirdhealú óna chéile. Is amhlaidh, áfach, go bhfuil an riail nua sin, maille leis na rialacha i gcoitinne sa Chaighdeán Athbhreithnithe a bhaineann le dÍshéimhiú an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach, an-difriúil lena bhfaightear i gcodanna eile den Chaighdeán Athbhreithnithe, mar a bhféachtar le bheith níos scaoilte ó thaobh foirmeacha de, agus leaganacha canúnacha a ligean isteach a coinníodh amach agus an Caighdeán Oifigiúil á chur i dtoll a chéile. Mar sin féin, agus leaganacha canúnacha á gceadú sa Chaighdeán Athbhreithnithe, féach nár ceadaíodh, mar shampla, an easpa séimhithe ar an aidiacht le hainmfhocal firinscneach i ndiaidh uimhreach – leithéid ‘dhá mhála mór’.¹²⁹ Agus, le gan ach sampla amháin eile a thabhairt den tslí ar thit an Caighdeán Athbhreithnithe idir dhá stól san iarracht ar bheith ina chaighdeán do réimse na reachtaíochta agus do na réimsí eile lasmuigh den réimse sin, ní áirítear foirmeacha le ‘sinn’ sa chéad phearsa iolra i dtáblaí na mbriathra sa Chaighdeán sin, cé go n-áirítear foirmeacha le ‘muid’ ann.

Tá sé soiléir nach bhféadfadh na rialacha sa Chaighdeán Athbhreithnithe a bhainneann leis an séimhiú – nó an easpa séimhithe – ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile a bheith ina dtreoir do scríbhneoirí na Gaeilge. Chinn

¹²⁷ Táim buíoch de Ronan Doherty i Roinn na Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, as é sin a mheabhúrú dom agus téacs na léachta a thugas mar chuid de Léachtaí Cholm Cille sa Choláiste Ollscoile sin anuraidh á chur in eagar aige.

¹²⁸ Lch xi sa Réamhrá a ghabhann leis an gCaighdeán Oifigiúil; ní amháin go rabhthas tar éis aird a tharraingt ar an malairt litrithe sin in *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1945), mar a chonaiceamar i gCaibidil sin 5, ach tagraíodh di arís, mar seo a leanas, i nóta bunleathanaigh ar lch 2 de *Litriú na Gaeilge: Lámbleabhar an Chaighdeáin Oifigiúil* (BÁC 1947): ‘Tugtar faoi ndeara, maidir le bréithre leathan-phrímhe den dara réimniú, gur *-aithe* is críoch don aidiacht bhriathartha (e.g. táid scrúdaithe go géar aige; sin é atá ordaithe) ach gur *-uithe* is críoch don ghinide uatha agus don ainmneach iolra den ainm bhriathartha (e.g. inniu lá an scrúduithe; sin iad na horduithe reachtúla)’.

¹²⁹ Féach fonóta 15 thuas i dtaca leis an séimhiú sin.

foilsitheoirí *Gramadach gan Stró!*, le hÉamonn Ó Dónaill – ar leabhar gramadaí é ar díoladh os cionn deich míle cóip den chéad dá eagrán de, idir 2008 agus 2013 – ‘neamhaird a thabhairt ar go leor de na moltaí atá le fáil’ sa Chaighdeán Athbheithnithe agus eagrán nua den leabhar gramadaí sin á réiteach acu. Sa réamhrá a ghabhann leis an tríú heagrán, a foilsíodh sa bhliain 2013, tráchtar mar a leanas ar an gCaighdeán Athbheithnithe (ar a dtugtar an ‘COA’ sa réamhrá sin):

Tá go leor de lucht labhartha na Gaeilge den tuairim ... go bhfuil athscríobh rómhór déanta ar an gCaighdeán, go bhfuiltear imithe i dtreo na castachta agus na doiléire. Tá an iomarca leaganacha ceadaithe i gcás gnéithe áirithe den ghramadach (na briathra agus réamhfhocail shimplí + ainmfhocail, cuir i gcás), agus is cinnte go gcuirfidh sé sin idir mhearbhall agus lagmhisneach ar roinnt mhaith daoine. Rachadh sé dian ar fiú an cainteoir is cumasaí Gaeilge cuid de na rialacha atá le fáil sa COA a thuiscint, go háirithe na cinn a bhaineann leis an séimhiú agus leis na huimhreacha.¹³⁰

I gcás rialacha an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach, moltar roinnt leasuithe i gCaibidil 20 den staidéar seo ar riail an Chaighdeáin Oifigiúil fad a bhaineann le haistriú na reachtaíochta de. Bheinn ag súil leis, áfach, gur leagan, nó leaganacha, níos scaoilte de riail an Chaighdeáin Oifigiúil, arna leasú de réir na moltaí sin, a bheadh mar threoir do scríobh na Gaeilge sna réimsí



lasmuigh de réimse na reachtaíochta. Má fhéachaimid ar an riail sa ghraiméar mórdhíola thuasluaite, *Gramadach gan Stró!*, ní thugann Éamonn Ó Dónaill d’eisceachtaí ar riail séimhithe an ainmfhocail éiginnte ar lorg ainmfhocail dar críoch consan caol san iolra ach nach séimhítear ainmfhocal éiginnte dar tús (i) ‘d’, ‘s’ nó ‘t’ i ndiaidh ainmfhocail iolra a chríochnaíonn ar ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’ caol, nó (ii) ‘f’ i ndiaidh ainmfhocail iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol.¹³¹ I gcás an ainmfhocail

¹³⁰ Éamonn Ó Dónaill, *Gramadach gan Stró! Eagrán 3* (BÁC 2013), lch vi. Féach a ndeir an tOllamh Dónall Ó Baoill sa léirmheas a rinne sé ar an gCaighdeán Athbheithnithe (ar a dtugtar an ‘COA’ sa saothar sin, chomh maith) in *Éigse XXXVIII*, lch 343:

Tá iarracht arís eile déanta sa COA réiteach a fháil ar an cheist chasta seo an tséimhithe idir dhá ainmfhocal... Is í an tseift is deireanaí leis an achran seo ar fad a thabhairt chun caidirne dhá chineál ‘nua’ ginidigh a bhaisteadh ‘an ginideach aidiachtach’ agus ‘an ginideach comhbhainteach’. Bíonn séimhiú ag siúl leis an chéad cheann acu sin ach cha ceadmhach séimhiú a chur san áit a mbíonn an ginideach comhbhainteach... Anois, tá go breá ach an foghlaimeoir agus an cainteoir atá níos foirfe sa teanga bheith ábalta an dá chineál ginidigh a idirdhealú óna chéile go sásúil agus an treoir a thugtar a leanúint. Ach tá seacht n-eagla an Spioraid Naoimh orm go dtite siad ar a dtóin go minic.

¹³¹ Tugtar an riail (*op. cit.*, lch 68) faoin gceannteideal ‘Ainmfhocal dar críoch consan caol san iolra + ainmfhocal éiginnte’ – tá cóiriú déanta ar leagan amach na rialach anseo thíos díreach ar mhaithe le spás:

Séimhítear ainmfhocal éiginnte dar tús **b**, **c**, **g**, **m** nó **p** i ndiaidh ainmfhocail iolra a

éiginnte ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, rialaítear in *Gramadach gan Stró!* nach séimhítear ‘ainmfhocal a leanann ainmfhocal baininscneach a chuireann cainníocht ghinearálta in iúl’.¹³² Dealraíonn sé, áfach, nach ndírítear go sonrach ar riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha in *Gramadach gan Stró!*, agus gurb amhlaidh atá, chomh maith, i gcás cúrsa phraiticiúil mórdhíola eile i ngramadach na Gaeilge, *Cruinnscriobh na Gaeilge*, le Ciarán Mac Murchaidh, ar foilsíodh an cúigiú heagrán de sa bhliain 2013, chomh maith.¹³³

I riail séimhithe an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach a mholann Maolmhaodhóg Ó Ruairc sa chonclúid a ghabhann le *Nótaí Gramadaí – Ainmfhocail faoi réir a chéile* ní áiríonn sé an easpa séimhithe ar an ainmfhocal sa ghinideach ach amháin (i) i gcás ainmfhocail dar tús ‘f’, nó ‘d’, ‘s’, ‘t’ ar lorg ‘d’, ‘l’, ‘n’, ‘s’ nó ‘t’, (ii) i gcás ainmfhocail a bhfuil aidiacht ag gabháil leis, agus (iii) i gcás ainmfhocail atá faoi réir ag réamhfhocal comhshuite.¹³⁴

chríochnaíonn ar chonsan caol: ‘fir bheáir’, ‘báid chanála’.

Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte dar tús d, s ná t i ndiaidh ainmfhocail iolra a chríochnaíonn ar d, n, t, l nó s caol: ‘báid seoil’, ‘eastáit tithíochta’, ‘cumainn trádála’.

Ní shéimhítear ainmfhocal dar tús f i ndiaidh ainmfhocail iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol: ‘comhaid fuaime’, ‘beithígh feirme’.

Ar an leathanach ina dhiaidh sin faightear achoimre ar na rialacha a bhaineann leis an séimhiú ar an ainmfhocal agus ar an aidiacht araon i ndiaidh ainmfhocail dar críoch consan caol san iolra – tugtar ‘teaghlaigh mhóra’, ‘fir dheasa’ agus ‘turaí dhainséaracha’ mar eiseamláirí den séimhiú a bhíonn ar an aidiacht ‘i gcónaí’, agus, de bhreis ar chuid de na heiseamláirí a tugadh ar an leathanach roimhe sin, tugtar ‘báid ghuaill’ agus ‘eastáit mhonarchan’ mar eiseamláirí den séimhiú ar an ainmfhocal, agus ‘cumainn diagachta’, maille le ‘baill foirne’, ‘cumainn fichille’ agus ‘fir fuaime’, mar eiseamláirí den easpa séimhithe.

¹³² Is i measc na *Varia* in Aguisín 5 a ghabhann leis an leabhar (*op. cit.*, lch 253) a fhaightear ar riail seo, faoin gceannteideal ‘Cainníocht ghinearálta’:

Ní shéimhítear ainmfhocal a leanann ainmfhocal baininscneach a chuireann cainníocht ghinearálta in iúl. Séimhítear aidiacht a cháilíonn an chéad ainmfhocal sin, áfach: ‘acmhainn mhaith grinn’, ‘easpa mhór saineolais’.

Tabhair do d’aire go bhfaightear ‘tá acmhainn mhaith grinn aige’ ar *He knows how to take a joke* i bhFoclóir de Bhaldraithe, s.v. *joke*.

¹³³ Is amhlaidh nach n-áirítear an séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach in *Úrchúrsa Gaeilge* (eagrán leasaithe, ITÉ 1992), le Dónall P. Ó Baoill agus Éamonn Ó Tuathail, ach amháin i gcás an ainm bhriathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra, ar ainm briathartha é lena ngabhann cuspóir – mar léiriú sa chúrsa sin ar dhá ghinideach i ndiaidh a chéile tugtar ‘fir chosanta na tíre’ agus ‘innill bhainte móna’ (*op. cit.*, lch 242).

¹³⁴ Féach Maolmhaodhóg Ó Ruairc, *op. cit.*, lch 10-11:

Ba leor mar riail dáiríre, nuair atá dhá ainmfhocal faoi réir a chéile, a rá go séimhítear an dara hainmfhocal

- (a) nuair is ainmfhocal baininscneach uatha (nach ginideach) an chéad ainmfhocal
- (b) más ar chonsan caol a chríochnaíonn an chéad ainmfhocal, de bharr caolú nó de bharr iolrú

Cuimhnimis nár áiríodh aon eisceachtaí ó riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte in *Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* (1953); faoi mar a chonaiceamar i gcorp an staidéir, tugtar riail séimhithe an ainmfhocail agus an ainm bhriathartha sa ghinideach, agus é i gcáil aidiachta – mar aon le heiseamláirí – díreach i ndiaidh na rialach sa Chaighdeán sin maidir leis an séimhiú ar chonsan tosaigh na haidiachta:

Baineann na rialacha sin thuas freisin le hainmfhocail agus ainmneacha briathartha sa nginide nuair a húsáidtear iad i gcáil aidiachtaí in abairtí mar–

- (a) *clúdach an bhosca phráis, mac an fhir ghortaithe, d’uireasa caighdeáin ghramadaí,*
- (b) *adharc bhó, cos chapail, ubh chirce, ciall cheannaigh, cloch fhaobhair, scian choise duibhe, thug sé lámh chúnta dhúinn, shuigh sé ar chathaoir shúgáin.*¹³⁵

Féach gur ceadaíodh ‘adharc bhó’ agus ‘cos chapail’ i mír (b) sa Chaighdeán sin, agus go bhfuil ‘adharc bó’ agus ‘cos chapail’ araon ar eiseamláirí mhír (c) de na heisceachtaí ó riail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil.¹³⁶ Agus féach go n-áirítear ‘scian choise duibhe’ sa mhír sin (b) thuas, chomh maith, agus go n-áirítear leagan díshéimhithe de ar eiseamláirí mhír (c) de na heisceachtaí ó riail an tséimhithe sa Chaighdeán Oifigiúil.¹³⁷ Ná ní bheadh aon séimhiú ar an nginideach de ‘faobhar’ in ‘cloch fhaobhair’, ach oiread, de réir an Chaighdeáin Athbheithnithe, gona easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh.

Ag díriú dúinn ar mhír (a) de riail sin thuas Chaighdeán Rannóg an Aistriúcháin, 1953, ní bheadh aon séimhiú ar an nginideach de ‘prás’ in ‘clúdach an bhosca phráis’ de réir an Chaighdeáin Oifigiúil. Ná ní bheadh aon séimhiú ar an nginideach de ‘gramadach’ in ‘d’uireasa caighdeáin ghramadaí’ de réir an

agus nach gcuirtear na rialacha seo i bhfeidhm

(1) más *f* is tús don dara hainmfhocal, nó *d, s, t* ar lorg *d, l, n, s, t*

(2) má bhíonn aidiacht leis an dara hainmfhocal

(3) más cuid de réamhfhocal comhshuite an chéad ainmfhocal.

¹³⁵ *Op. cit.*, lch 20.

¹³⁶ Is é sin, nach gnách séimhiú ar lorg ainmfhocail ‘más ball beatha de chuid duine nó ainmhlí ... atá i gceist’ – i gcomórtas leis an easpa séimhithe sna heiseamláirí i gcás bail bheatha de chuid duine sa mhír sin sa Chaighdeán Oifigiúil (i.e., ‘aghaidh mná’, ‘lámh cailín’ agus súil buachalla’), féach go dtugann an Príomhoide agus an Scrúdaitheoir Seaghán Ó Catháin ‘Is minic do bhris teanga dhuine a shrón’ agus ‘Is maith an scáthán súil charad’ mar léirithe ar an nginideach den Cheathrú agus den Chúigiú Díochlaonadh, faoi seach, ina ghraiméar *Ceachta Caimnte Gramadaighe – The Practical Irish Grammar* (an 7ú heagrán, 1921), lgh 71 agus 72, faoi seach.

¹³⁷ Faightear ‘sgian choise duibhe’ in Cormac Ó Cadhlaigh, *Ceart na Gaedhilge* (BÁC 1922 (?), lch 52), chomh maith; agus tabhair do d’aire go dtugtar roinnt samplaí i gcorp an staidéir den séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach agus aidiacht ag gabháil leis, ar samplaí iad a fuarthas in Achtanna den Oireachtas a aistríodh ó 1958 i leith.

Chaighdeáin Athbhreithnithe, gona easpa séimhithe ar an ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal firinsneach uatha dar críoch consan caol sa ghinideach uatha.¹³⁸

I gcomórtas le riall sin Rannóg an Aistriúcháin sa bhliain 1953 is amhlaidh gur ar dhíshéimhiú an ainmfhocail agus an ainm bhriathartha araon atá an bhéim sa Chaighdeán Athbhreithnithe trí scór bliain, nach mór, níos déanaí – béim a d'fhágfadh gurb í an bhunriail a bheadh ag daltaí scoile agus foghlaimeoirí na Gaeilge ná gan aon séimhiú a chur ar an ainmfhocal éiginnte ná ar an ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile, ba chuma an t-ainmfhocal tosaigh sin a bheith firinsneach nó baininsneach, san uimhir uatha nó san uimhir iolra, ar eagla na heagla.

Ní hamhlaidh, ach oiread, nach raibh eisceachtaí ó riall séimhithe an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach luaite i ngraiméir Nua-Ghaeilge a bhí foilsithe faoin tráth ar fhoilsigh Rannóg an Aistriúcháin caighdeán gramadaí na Rannóige sin sa bhliain 1953. Chuir an Dr Seaghán P. Mac Énrí an easpa séimhithe ar fhocail dar tús 'd' agus 't' ar lorg focail dar críoch 'd', 't' nó 'n' san áireamh i lámhleabhar Gaeilge leis a foilsíodh sa bhliain 1907, *Hand-Book of Modern Irish*, agus 'bean déirce' á thabhairt mar shampla den easpa séimhithe sin aige.¹³⁹ Agus is amhlaidh go raibh an easpa séimhithe ar fhocail dar tús 'd' agus 't' ar lorg focail dar críoch 'd', 'n', 't', 'l' nó 's', mar aon leis an easpa séimhithe ar 'f' tosaigh, curtha san áireamh ag an mBr Seosamh Iaróm Mac Giolla Phádraig in *Graiméar na Gaedhilge leis na Bráithreachaibh Críostamhla*, a foilsíodh sa bhliain 1901.¹⁴⁰ Mar a chonaiceamar

¹³⁸ Féach leathanach tosaigh Chaibidil 20 maidir leis an eiseamláir eile sin i mír (a) thuas, 'mac an fhir ghortaithe'.

¹³⁹ Féach Seaghán P. Mac Énrí, D.L., *Hand-Book of Modern Irish*, Cuid III (an 4ú heagrán, BÁC 1907), lch 24:

An indefinite noun in the genitive case, when used as an adjective ..., is subject to the same rules of aspiration and eclipsis as any other adjective Exception.– If the first word ends in d, t or n, and if the second word begins with one of the same letters, the latter is not aspirated, e.g.– an bhean déirce, the beggar woman (woman of alms).

I dtaca leis an tSean-Ghaeilge féach Rudolf Thurneysen, *A Grammar of Old Irish* (BÁC 1946 [Heidelberg 1909]), lch 141:


There is no lenition of t (and doubtless d) after final n, l, s ..., th, d, nor of c (and doubtless g) after -ch, -g.

¹⁴⁰ Féach *op. cit.*, alt 21(f), lch 12:

When a noun is immediately followed by an indefinite ... noun in the genitive case, singular or plural, the initial of the noun in the genitive is usually subject to precisely the same rules as if it were the initial of an adjective: e.g. ubh chirce, a hen-egg (lit. an egg of a hen); uibhe circe, of a hen-egg; cloch mhine, a stone of meal; min choirce, oaten meal. The letters d and t are not aspirated after d, n, t, l, s; and f is often excepted, as the change in sound is so great.

Chuidigh Eoin Mac Néill agus an tAthair Peadar araon leis an mBr Mac Giolla Phádraig agus é i mbun an Ghraiméir sin – féach Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *Beathaisnéis a Ceathair* (BÁC 1994), lch 56-7, agus an Br Aodh P. Caomhánach, 'Na

i gCaibidil 17, is amhlaidh gur sa leasú a rinneadh ar Chaighdeán Oifigiúil 1958 sa bhliain 1960 a áiríodh an easpa séimhithe ar ‘d’, ‘t’, ‘s’ ar lorg ainmfhocail dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’ sa Chaighdeán Oifigiúil den chéad uair – leasú nár áiríodh an easpa séimhithe ar ‘f’ tosaigh ann, ach ar leasú é sin atá curtha san áireamh anois in *An Caighdeán do Scríobh na Gaeilge* (2011) agus sa Chaighdeán Athbheithnithe (2012) araon.



‘ubh circe’ (Gaeilge na Mumhan),
‘ubh chirce’ (Gaeilge Chonnacht
agus Uladh)

Rinne an Dr Mac Énrí rialacha séimhithe an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach a nascadh le rialacha séimhithe na haidiachta,¹⁴¹ mar a rinne Cormac Ó Cadhlaigh, mar shampla, thart ar chúig bliana déag ina dhiaidh sin, chomh maith, in *Ceart na Gaedhilge (Irish Syntax)*,¹⁴² agus mar a rinneadh in *Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin*, thart ar thríocha bliain ina dhiaidh sin arís, mar a chonaiceamar thuas. Is amhlaidh, áfach, nach ionann rialacha séimhithe na haidiachta agus rialacha séimhithe an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach de réir an Chaighdeán Oifigiúil – murab ionann agus an t-ainmfhocail éiginnte sa ghinideach, séimhítear an aidiacht dar tús ‘d’, ‘t’ nó ‘s’ ar lorg ainmfhocail dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’,

Bráithre Críostaí agus an Ghaeilge’, in *Gníomhartha na mBráithre* (eag. Micheál Ó Cearúil, BÁC 1996), lch 131-2, agus *passim*, i dtaca leis an mBr Mac Giolla Phádraig, a rugadh i gCathair Chorcaí sa bhliain 1877 agus a d’éag den eitinn i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1910.

¹⁴¹ Féach *op. cit.*, lch 24:

An indefinite noun in the genitive case, when used as an adjective ..., is subject to the same rules of aspiration and eclipsis as any other adjective ...

An ubh chirce (C. & U.) } *The hen egg.*

An t-ubh circe (M.)

Bárr na huibhe circe (C. & U.), } *The top of the hen egg.*

Bárr an uibhe chirce (M.),

Dath na n-ubh gcearc, *The colour of the hen eggs* (eggs of hens = gen. pl.)

¹⁴² Féach Cormac Ó Cadhlaigh, *Ceart na Gaedhilge (Irish Syntax)*, lch 52-3 (tá cóiriú déanta ar leagan amach na samplaí anseo thíos díreach ar mhaithe le spás):

Indefinite nouns are used in the genitive case with the force of adjectives.

(a) *Attributively – when they are aspirated and eclipsed just as adjectives:–*

bean fhuaghála, *a seamstress*; mná caointe, “*keeners*”, bean chabhra, *a lady’s nurse*; bean fhrithálmha, *a nurse*; sgian choise duibhe, *a black-handled knife*; cathaoir shúgáin, *a straw chair*; áit chomhnuighthe, *a dwelling place*; arm faobhair, *an edged weapon*; airm theine, *firearms*; oidhche gheimhridh, *a winter night*; oidhche sheaca, *a frosty night*; oidhche ghealaighe, *a moonlight night*; maidin fhoghmhair, *an autumn morning*; an roth tosaigh, *the front wheel*; an roth deiridh; *the hind wheel*; dhá chraoisigh chrann-reamhra, *two stout-shafted spears*; aer an chuain chubhair bháin, *the air of the white-foamed bay*; bó bhainne, *a milch cow*; mínseach bhainne, *a nanny goat*; car[r]aig mhór chloiche, *a big rock of stone*; liú mhagaidh, *a shout of praise*; liú mholta, *a shout of praise*; raint (*stet.*) lóin bhídh, *some provision of food.*

le gan ach an t-aon éagsúlacht amháin sin eatarthu a thabhairt anseo.¹⁴³

Thagair Seaghán P. Mac Énrí¹⁴⁴ agus Cormac Ó Cadhlaigh¹⁴⁵ araon d'fheidhm aidiachtach an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach, mar a rinneadh in *Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin*, chomh maith, mar a chonaic-eamar thuas. Is amhlaidh go bhfaightear tagairt den tsamhail chéanna sa chéad mhionstaidéar cuimsitheach 'nua-aimseartha' a rinneadh ar an séimhiú sa Ghaeilge, staidéar a foilsíodh sa bhliain 1898,¹⁴⁶ agus i ngraiméir Ghaeilge a foilsíodh níos luaithe sa chéad sin,¹⁴⁷ chomh maith. Níor áiríodh tagairt sin Chaighdeán 1953

¹⁴³ Le héagsúlachtaí eile a thabhairt anseo, séimhítear an aidiacht a ghabhann le hainmfhocal firinsneach ar lorg uimhreach (féach Foscríbhinn 13 thíos), murab ionann agus ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha a bhfuil uimhir ag gabháil leis. Chomh maith leis sin, séimhítear an aidiacht a ghabhann le hainmfhocal firinsneach uatha dar críoch guta sa ghinideach uatha, murab ionann agus ainmfhocal sa ghinideach uatha a ghabhann le hainmfhocal firinsneach uatha dar críoch guta. I nGaeilge Uladh, séimhítear an aidiacht a ghabhann le hainmfhocal firinsneach uatha ar lorg réamhfhocail, murab ionann agus ainmfhocal sa ghinideach a ghabhann le hainmfhocal firinsneach sa tabharthach uatha. Agus séimhítear an aidiacht a ghabhann le cnuasainm baininsneach murab ionann agus an t-ainmfhocal iolra a ghabhann le cnuasainm. Féach Micheál Ó Murchú, 'Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach', lch 145-6, i gcomhair samplaí codarsnacha de roinnt de na héagsúlachtaí sin: *'buidéal bainne, trí bhuidéal bainne* (loime); *buidéal mór, trí bhuidéal mhóra* (séimhiú ar iolra na haidiachta): *sa bhuidéal bainne* (loime), *sa bhuidéal mhór* (séimhiú ar aidiacht, sa chás seo, in Ultaibh): *baicle Beilgeach* (loime ar ghinideach iolra ainmfhocail), *baicle Bheilgeach* (séimhiú ar aidiacht); *clár an bhosca mhóir picnice* (séimhiú ar ghinideach na haidiachta firinscní uatha; loime, sa chás seo, ar an cháilitheoir ainmfhoclach)'.
Le héagsúlachtaí eile a thabhairt anseo, séimhítear an aidiacht a ghabhann le hainmfhocal firinsneach ar lorg uimhreach (féach Foscríbhinn 13 thíos), murab ionann agus ainmfhocal sa ghinideach ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh uatha a bhfuil uimhir ag gabháil leis. Chomh maith leis sin, séimhítear an aidiacht a ghabhann le hainmfhocal firinsneach uatha dar críoch guta sa ghinideach uatha, murab ionann agus ainmfhocal sa ghinideach uatha a ghabhann le hainmfhocal firinsneach uatha dar críoch guta. I nGaeilge Uladh, séimhítear an aidiacht a ghabhann le hainmfhocal firinsneach uatha ar lorg réamhfhocail, murab ionann agus ainmfhocal sa ghinideach a ghabhann le hainmfhocal firinsneach sa tabharthach uatha. Agus séimhítear an aidiacht a ghabhann le cnuasainm baininsneach murab ionann agus an t-ainmfhocal iolra a ghabhann le cnuasainm. Féach Micheál Ó Murchú, 'Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach', lch 145-6, i gcomhair samplaí codarsnacha de roinnt de na héagsúlachtaí sin: 'buidéal bainne, trí bhuidéal bainne (loime); buidéal mór, trí bhuidéal mhóra (séimhiú ar iolra na haidiachta): sa bhuidéal bainne (loime), sa bhuidéal mhór (séimhiú ar aidiacht, sa chás seo, in Ultaibh): baicle Beilgeach (loime ar ghinideach iolra ainmfhocail), baicle Bheilgeach (séimhiú ar aidiacht); clár an bhosca mhóir picnice (séimhiú ar ghinideach na haidiachta firinscní uatha; loime, sa chás seo, ar an cháilitheoir ainmfhoclach)'.

¹⁴⁴ Féach *op. cit.*, lch 24: 'An indefinite ... noun in the genitive case is often used as an adjective, e.g. – min choirce, oat meal (meal of oats); cupán airgid, a silver cup (cup of silver).'

¹⁴⁵ Féach fonóta 142 thuas.

¹⁴⁶ Féach Holger Pedersen, *Die aspiration im Irischen*, Cuid II, in *Zeitschrift für vergleichende Sprachforschung auf dem Gebiete der Indogermanischen Sprachen* xxxv, 1898, lch. 433:

Nach einem substantiv in einem ursprünglich vokalisches auslautenden kasus wird der zugehörige genitiv ... nur dann aspiriert, wenn er dem sinne nach gleich einem adjektiv ist

Deir Rudolf Thurneysen (*op. cit.*, lch 142), i dtaca leis an tSean-Ghaeilge:

Lenition of the initial in adjectives and nominal genitives standing after their noun is sporadic, being mainly found where they have a close semantic relation to the qualified noun.

¹⁴⁷ Féach, mar shampla, John H. Molloy, *Forus Teangan na Gaeilge – A Grammar of the Irish Language* (BÁC 1867), lch 122, §4:

A feminine noun aspirates the possessive case of the noun it governs when the latter is used adjectively; as ubh chirce, a hen egg; cráin ghé, a female goose; cloch mhine, a stone of meal; cloch choirce, a stone of oats; cual fhéir, a truss of hay; bó bhainne, a milch cow; cruach mhóna, a rick of turf; ciar mheala, a honeycomb; leac chloiche, a flat stone; tine ghuail, a coal fire; cairt fhéir, a cart of hay; cual thuighe, a truss of straw. But when the first noun is masculine, the second is never aspirated; as coc circe; beala gé, goose greese; mála mine, a bag of meal; gráinne coirce, a grain of oats; coca féir, a

d'úsáid an ghinidigh den ainmfhocal nó den ainm briathartha i gcáil aidiachta sa Chaighdeán Oifigiúil, áfach, nár níor tagraíodh d'úsáid an ghinidigh den ainmfhocal nó den ainm briathartha i gcáil aidiachta in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960). Agus cé go ndearnadh go leor leasuithe ar riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach san eagrán nua den Ghraiméar sin a d'fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1999,¹⁴⁸ ní raibh tagairt d'fheidhm aidiachtach an ghinidigh sin ar an leasuithe sin. I dtús an chéid seo, áfach, agus iad ag tógáil ar an riail mar a bhí leagtha amach in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, d'áirigh an Coiste Téarmaíochta¹⁴⁹ agus Micheál Ó Murchú¹⁵⁰ araon tagairt dá samhail ina gcuid moltaí agus ina alt, faoi seach. Agus, le cúig agus le ceithre bliana anuas faoi seach, áiríodh tagairt den tsamhail chéanna in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* agus sa Chaighdeán Athbhreithnithe araon.

I gcás treorach do scríobh na Gaeilge bhraithfeadh sé ar leibhéal Gaeilge an té ar a mbeadh an treoir dírithe, chomh maith leis an tuiscint ar chúrsaí gramadaí i gcoitinne a mbeifí ag súil léi i gcás an té sin, an n-áireofaí nó nach n-áireofaí tagairt don fheidhm aidiachtach sa treoir. Agus is amhlaidh a bheadh, chomh maith, i gcás ábhar na rialach i gcoitinne i dtreoracha do scríobh na Gaeilge. Mholfainn go mbeadh mar threoir bhunúsach go séimhítear an t-ainm briathartha

cock of hay; braon bainne; a drop of milk; fód móna, a sod of turf; Clún meala [stet.], Clonmel; sop tuighe, a wisp of straw...

I dtaca le 'Clún meala' thuas, tabhair do d'aire gur firinsneach do 'clúain¹', *meadow*, in DIL – 'Cluain-meala' atá ag na Ceithre Máistrí.

¹⁴⁸ Rianaítear na leasuithe sin sna fonótaí a ghabhann le riail Ghraiméar sin 1960 i bhFoscábhinn 2 thuas.

¹⁴⁹ Féach 'Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí a shimplíú agus a shoiléiriú' (2003):

Nuair a bhíonn an chéad ainmfhocal á cháiliú ag an dara ceann mar a bheadh aidiacht ann, séimhítear an dara hainmfhocal, mar a léiríonn na haicmí thíos:

(a) Brí aitreabúideach

(i) más i gcáil aidiachta atá an dara hainmfhocal nó ainm briathartha.

Féach Foscábhinn 4 thuas do na codanna de na Moltaí sin a bhaineann le hábhar an staidéir seo.

¹⁵⁰ Tá 'feidhmiú mar a bheadh foirm aidiachtach ann' mar cheannteideal ar an séú grúpa d'ainmfhocail éiginnte arna séimhiú sa ghinideach a thugann Micheál Ó Murchú san alt sin leis ar tagraíodh dó roimhe seo thuas, 'Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach' (2003) (féach *op. cit.*, lch 154); tabhair do d'aire, áfach, go ndeir sé, sa chuid tosaigh den alt sin leis, nach mór a aithint 'nach ionann an cáilitheoir ainmfhoclach agus aidiacht' agus go míníonn sé a bhfuil i gceist aige leis sin mar seo a leanas (*op. cit.*, lch 145):

Is roinn chainte inti féin í an aidiacht; ní roinn chainte é an cáilitheoir ainmfhoclach a bhíonn i gcónaí sa ghinideach (ar tuiseal ar leith de roinn chainte eile é – an t-ainmfhocal). Caithfear a aithint, leis, nach ionann na rialacha ar séimhiú a shiúlann leis an dá chuid

Féach fonóta 143 i gcomhair na samplaí a thugann Micheál Ó Murchú ina dhiaidh sin.

agus an t-ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha.¹⁵¹ D’fhéadfaí cur leis sin de réir mar a bheadh ag ardú ar leibhéal Gaeilge agus leibhéal tuisceana ar chúrsaí gramadaí an té ar a mbeadh an treoir dírithe – d’áireofaí an séimhiú ar an ainm briathartha agus ar an ainmfhocal éiginnte ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol, agus thosófaí ansin ag áireamh na bpríomheisceachtaí ó riail an tséimhithe a bheadh curtha san áireamh sa Chaighdeán Oifigiúil féin. D’áireofaí an easpa séimhithe i ndiaidh an ainm bhriathartha a ngabhann réamhfhocal roimhe, ar dtús, b’fhéidir, agus ina dhiaidh sin an easpa séimhithe ar ainmfhocail dar tús ‘d’, ‘t’ nó ‘s’ ar lorg ainmfhocail dar críoch ‘d’, ‘n’, ‘t’, ‘l’ nó ‘s’, agus an easpa séimhithe ar ainmfhocail dar tús ‘f’ ina dhiaidh sin arís, b’fhéidir, sula rachfaí ar aghaidh go dtí an easpa séimhithe ar lorg ‘cuid’, ‘easpa’, ‘iomarca’, ‘roinnt’, etc., agus ansin an easpa séimhithe ar ainmfhocail theibí arna mbunú ar aidiachtaí, agus mar sin de.¹⁵² Agus dhéanfaí tagairt do na leathanaigh chúí sa Chaighdeán Oifigiúil do scríobh na Gaeilge i réimse na reachtaíochta, mar a mbeadh an riail iomlán (gona heisceachtaí), sna treoirleabhair a bheadh dírithe ar dhaoine ar ardleibhéal Gaeilge ach go háirithe,¹⁵³ mar a dhéanfaí, chomh maith, i norm nó caighdeán oifigiúil a bheadh dírithe ar scríobh na Gaeilge sna réimsí lasmuigh de réimse na reachtaíochta – mar aon leis na noirm nó na caighdeáin do na príomhchanúintí, dá mbeadh a leithéidí á bhfoilsíú, mar a luadh níos luaithe san Fhoscríbhinn seo. Sa tslí sin bheadh an Caighdeán Oifigiúil a bheadh le húsáid sa reachtaíocht phríomha agus sa reachtaíocht thánaisteach ina threoir do scríobh na Gaeilge i gcoitinne.

¹⁵¹ In *Lán-chúrsa na Gaedhíle* (BÁC 1943), arna chur in eagar ag Liam Ó Riain, M.A., *H.Dp. Ed.*, mar shampla, ní bhfaightear ach an t-aon abairt amháin seo a leanas sa riail a bhaineann le séimhiú an ainmfhocail sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha, riail a thugtar mar mhír uimhir a sé faoin gceannteideal ‘Na rialacha a bhaineann le séimhiúghadh’: ‘Má leantar ainm le h-ainm bhaininsgneach:– Ubh chirce’ (*op. cit.*, lch 15).

¹⁵² Díol spéise sa chomhthéacs seo é an leagan giorraithe de riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960) a fhaightear in *New Irish Grammar by the Christain Brothers* (BÁC 1980 [1976]), ar graiméar é atá deartha go sonrach le haghaidh mac léinn Gaeilge – ceithre ghrúpa eisceachtaí ó riail séimhithe an ainmfhocail éiginnte sa ghinideach atá faoi réir ag ainmfhocal baininsneach uatha a thugtar sa leagan Béarla sin den ghraiméar, murab ionann agus na trí cinn déag a thugtar i nGraiméar 1960 (féach Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Foscríbhinn 2 thuas). Tabhair do d’aire, ar an lámh eile, go dtugtar formhór na n-eisceachtaí ó riail an tséimhithe a fhaightear sa Chaighdeán Oifigiúil in Brian Mac Giolla Phádraig, *Réchúrsa Gramadaí* (3ú heagrán, 1963).

¹⁵³ Tá *Cruinnscriobh na Gaeilge* le Ciarán Mac Murchaidh le moladh de bharr na slí a dtugtar na tagairtí cúí don Chaighdeán Oifigiúil, mar aon le tagairt do *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* agus do ghraiméir eile, i ndeireadh gach caibidle. Díol spéise sa chomhthéacs seo é an leagan giorraithe de riail an tséimhithe ar an ainmfhocal éiginnte in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960) a fhaightear in *Nuachúrsa Gaeilge na mBráithre Críostaí* (BÁC 1968), agus an tslí a dtugtar tagairt do Graiméar sin 1960 ar mhaithe leis an té ar mhian leis leagan níos mionsonraí den riail a fháil – féach Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Foscríbhinn 2 thuas.



Foscríbhinn 10

Rialacha ar leith do réimse na reachtaíochta

I gcásanna áirithe in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011) déantar rialacha ar leith a leagan síos don scríbhneoireacht i réimse na reachtaíochta, ar rialacha iad atá éagsúil leis na rialacha a leagtar síos don scríbhneoireacht sna réimsí lasmuigh den reachtaíocht.¹ Tugtar léargas san fhoscríbhinn seo ar na príomh-idirdhealuithe sin.



I gcaibidil tosaigh an Chaighdeáin sin, mar a dtugtar na rialacha a bhaineann leis an séimhiú agus leis an urú, faightear ‘Treoir chanúintneodrach don scríbhneoireacht sa réimse poiblí agus i réimse na reachtaíochta’ agus ‘Treoir ghinearálta don scríbhneoireacht sna trí mhórchanúint’ araon – féach an Iarscríbhinn leis an bhFoscríbhinn seo.

Sa chaibidil ar fhoirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh, cáilítear an riail nua ‘Má bhíonn ainmfhocal + aidiacht faoi réir ag ainmfhocal eile ní chuirtear athrú an ghinidigh i bhfeidhm ar an ainmfhocal ná ar an aidiacht’ mar a leanas: ‘Tabhair do d’aire gurb é an gnás i réimse na reachtaíochta an t-ainmfhocal éiginnte atá á cháiliú a chur sa ghinideach i gcónaí sa chás seo’. Faighimid an cáiliú céanna i gcás na rialach ‘Má bhíonn ainmfhocal agus cáilitheoir ainmfhoclach faoi réir ag ainmfhocal eile ní chuirtear athrú an ghinidigh ar an dara hainmfhocal’, chomh maith. Agus cáilítear riail nua an Chaighdeáin sin nach gcuirtear ‘athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal ná ar an gcáilitheoir nuair a bhíonn an t-ainmfhocal ar lorg aidiacht shealbhach’ agus á cháiliú ag aidiacht cháilíochta, nó ag ainmfhocal sa ghinideach i gcáil aidiachta, mar a leanas: ‘Tabhair do d’aire, áfach, gurb é an gnás i réimse na reachtaíochta an focal ar lorg na haidiachta sealbhaí a chur sa ghinideach i gcónaí cibé acu atá sé á cháiliú nó nach bhfuil’. Tá samplaí eile dá leithéid sa chaibidil chéanna.

Sa chaibidil ar na huimhreacha tugtar dhá phatrún éagsúla, A agus B, i gcás uimhreacha os cionn 100, agus scríobhtar mar a leanas: ‘Tabhair do d’aire gurb é an gnás i réimse na reachtaíochta cloí le Patrún A’ – i bPatrún sin A, ‘le huimhreacha os cionn 100 féadtar *fiche, tríocha ... nócha* agus na haonaid a chur droim ar ais mar seo a leanas: *céad fiche is aon chapall amháin* (121) ...’; i bPatrún B ‘leantar

¹ Mar a tharlaíonn, faoi mar a mheabhraigh an tOllamh Máirtín Ó Murchú dom, an t-idirdhealú a dhéantar sa saothar sin idir réimse foirmiúil na reachtaíochta agus na réimsí eile, tá cosúlacht idir é agus an t-idirdhealú a dheineadh filí na sgol idir ‘ceart na bhfileadh’ agus ‘canamhain’, a bhí níos scaoilte ó thaobh úsáid na dtuiseal, etc., ná mar a bhí na rialacha don fhilíocht. (Mar eolas, is grianghraf den dealbh lena léirítear an Ceartas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath atá thuas – tabhair do d’aire nach bhfuil aon phúicín ar an dealbh, murab ionann agus an léiriú ar an gCeartas sna Cúirteanna nua Breithiúnais Coiriúla taobh le Páirc an Fhionnuisce, mar shampla – féach leathanach tosaigh Foscríbhinn 8).

den struchtúr **bunuihir + ainmfhocal uatha gan athrú tosaigh**, e.g. *céad fiche (is) a haon capall* (121) ...'. Tá samplaí eile den tsamhail chéanna sa chaibidil sin.²

Sa chaibidil ar an mbriathar, díreann isteach ar an bhfoirm tháite agus ar an bhfoirm scartha mar seo a leanas:

Tabhair do d'aire gurb é an gnás i réimse na reachtaíochta cloí leis na foirmeacha thíos sna háiteanna ina bhfuil rogha idir an fhoirm tháite agus an fhoirm scartha:

- an fhoirm tháite sa 1ú pearsa iolra;
- an fhoirm tháite sa 3ú pearsa iolra san aimsir ghnáthchaite, sa mhodh coinníollach agus sa mhodh ordaitheach;
- an fhoirm scartha sa 3ú pearsa iolra san aimsir chaite.

Maidir leis an bhfoirm choibhneasta scríobhtar: 'Tabhair do d'aire gurb é an gnás i réimse na reachtaíochta cloí leis na bunfhoirmeacha scartha *-nm* agus *-idh* seachas in *a leanas*.' Agus faightear samplaí eile dá leithéid sa chaibidil sin, chomh maith.

An chéad Chaighdeán Oifigiúil eile

Murab ionann agus na hidirdhealuithe sin thuas, is fíor-chorruair a dhéantar idirdhealú sonrach i gCaighdeán Athbhreithnithe Rannóg an Aistriúcháin (2012) idir na rialacha don scríbhneoireacht i réimse na reachtaíochta agus don scríbhneoireacht lasmuigh den réimse sin, cé go bhfaightear tagairtí fánacha ann don 'teanga oifigiúil', do 'cáipéisí oifigiúla' agus don 'scríbhneoireacht oifigiúil', ar láimh amháin, agus do 'cáipéisí neamhoifigiúla' ar an láimh eile.³ Má tá i gceist sa leagan nua den Chaighdeán Oifigiúil a bheidh mar thoradh ar an athbhreithniú reatha atá á dhéanamh faoin Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013, freastal ar gach réimse de scríbhneoireacht na Gaeilge – is é sin, ar réimse na reachtaíochta agus ar na réimsí lasmuigh den reachtaíocht – is ceart go soiléireofaí ann cad iad na rialacha agus na leaganacha nach mbainfeadh le réimse na reachtaíochta, ach go háirithe, agus cad iad na rialacha a bhainfeadh go sonrach leis an réimse sin. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh rialacha docta cinnte i bhfeidhm sa réimse sin chun an débhríochas a sheachaint. Tá sé tábhachtach, chomh maith, go mbeadh leanúnachas i dteanga na reachtaíochta, a oiread agus is féidir, agus gan rialacha nua a thabhairt isteach sa réimse sin mura bhfuil gá leo, nó mura raibh easnamh ar na scríbhinní sa réimse sin go dtí seo de dheasca rialacha áirithe. Ní mór cuimhneamh ar an sainmhíniú a rinneadh ar

² Cf. fonóta 15 i bhFoscscríbhinn 9, maille le Foscscríbhinn 13.

³ Déantar tagairt don 'teanga oifigiúil' i dtaca leis an tabharthach ar lch 29, agus tráchtar ar 'cáipéisí oifigiúla' i dtaca leis an tabharthach ar lch 40; tagraítear do 'cáipéisí neamhoifigiúla' i dtaca le tréanólraí ar lch 30, agus luaitear 'cáipéisí oifigiúla' arís ar lch 169, i dtaca le horduimhreacha os cionn 20; agus tráchtar ar an 'scríbhneoireacht oifigiúil' ar lch 152, i dtaca le 'comhaireamh rudaí os cionn 10'.

an gCaighdeán Oifigiúil in alt 2 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003, arna leasú le halt 2 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013: ‘ciallaíonn “An Caighdeán Oifigiúil” caighdeán oifigiúil na Gaeilge ... atá le húsáid sa reachtaíocht phríomha agus sa reachtaíocht thánaisteach’. Má tá rialacha ar leith sa chéad Chaighdeán Oifigiúil eile atá ceaptha bheith mar threoir do scríobh na Gaeilge lasmuigh de réimse na reachtaíochta, agus dó sin amháin, níor mhór é sin a bheith curtha in iúl an-soiléir sa Chaighdeán sin.

Iarscríbhinn

Le léiriú a thabhairt ar an tslí a ndéantar idirdhealuithe idir rialacha don scríbhneoireacht i réimse na reachtaíochta agus don scríbhneoireacht sna réimsí lasmuigh den reachtaíocht a chur i láthair in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011), tugtar anseo thíos na rialacha a leagtar síos i dtús na caibidle tosaigh ann:

1 SÉIMHIÚ AGUS URÚ

Séimhiú agus urú ar ainmfhocal sa tabharthach uatha ar lorg réamhfhocal simplí agus an ailt uatha

Is féidir séimhiú nó urú a chur ar thúschonsan ainmfhocail sa tabharthach uatha ar lorg réamhfhocal díobh seo a leanas agus an ailt uatha: *ag, ar, as, chuig, de, do, faoi, i, le, mar, ó, roimh, thar, trí, um*.

Treoir chanúintneodrach don scríbhneoireacht sa réimse poiblí agus i réimse na reachtaíochta:

- uráítear túschonsan an ainmfhocail (seachas **d, s, t**) ar lorg *ag, ar, as, chuig, faoi, le, mar, ó, roimh, thar, trí, um*, e.g. *ag an bhfear, thar an gcláí*;
- séimhítear túschonsan an ainmfhocail (seachas **d, s, t**) ar lorg *den, don, sa(n)*, e.g. *den bhainisteoir, don pháiste, sa mhála*;
- ní chuirtear séimhiú ná urú ar **d, t**, e.g. *faoin doras, tríd an talamb*;
- cuirtear **t** roimh **s** + guta agus roimh **sl-, sn-, sr-** más ainmfhocal baininsneach atá ann, e.g. *ar an tsráid, faoin tsúil, sa tSín*.

Treoir ghinearálta don scríbhneoireacht sna trí mhórchanúint:

Canúint Chonnacht

- uráítear túschonsan an ainmfhocail (seachas **d, s, t** agus seachas ar lorg *den, don*), e.g. *ar an gcláí, as an ngnáth, leis an mbuachaill, sa bpáirc*;
- séimhítear túschonsan an ainmfhocail (seachas **d, s, t**) ar lorg *den, don*, e.g. *don chuairteoir, den pháirc*;
- ní chuirtear séimhiú ná urú ar **d, t**, e.g. *faoin doras, tríd an talamb*;
- cuirtear **t** roimh **s** + guta agus roimh **sl-, sn-, sr-** más ainmfhocal baininsneach atá ann, e.g. *ar an tsráid, faoin tsúil, sa tSín*.

Canúint na Mumhan

- uraítear túschonsan an ainmfhocail ar lorg gach réamhfhocal seachas *sa*, e.g. *ar an gclaí, as an ngnáth, leis an mbuachaill, ag an ndoras, as an dteach*;
- séimhítear túschonsan an ainmfhocail ar lorg *sa* seachas (i) **d** agus **t**, nach gcuirtear séimhiú ná urú orthu, agus (ii) **f**, a uraítear, e.g. *sa bhosca, sa chistin, ach sa deireadh, sa tráthnóna, sa bhfuacht, sa bhfuinneog*;
- cuirtear **t** roimh **s** + guta agus roimh **sl-**, **sn-**, **sr-** ag tús ainmfhocail bhain-inscneacha agus fhirinscneacha araon ar lorg *sa*, e.g. *sa tsráid, sa tsúil, sa tseomra*.

Canúint Uladh

- séimhítear túschonsan an ainmfhocail (seachas **d**, **s**, **t**), e.g. *ar an chlaí, as an ghnáth, leis an bhbuachaill*;
- ní chuirtear séimhiú ná urú ar **d**, **t**, e.g. *faoin doras, tríd an talamh*;
- cuirtear **t** roimh **s** + guta agus roimh **sl-**, **sn-**, **sr-** ag tús ainmfhocail bhain-inscneacha agus fhirinscneacha araon, e.g. *ar an tsráid, faoin tsúil, sa tSín, sa tseomra, chuig an tseansailéir, faoin tsneachta*.

Tábla 1: Samplaí den séimhiú agus den urú ar ainmfhocal *sa* tabharthach uatha ar lorg réamhfhocal simplí agus an ailt uatha.

Réimse na Reachtaíochta	Canúint Chonnacht	Canúint na Mumhan	Canúint Uladh
ag an bhfear	ag an bhfear	ag an bhfear	ag an fhear
ag an mbean	ag an mbean	ag an mbean	ag an bhean
thar an gclaí	thar an gclaí	thar an gclaí	thar an chlaí
tríd an talamh	tríd an talamh	tríd an dtalamh	tríd an talamh
faoin doras	faoin doras	faoin ndoras	faoin doras
den bhainisteoir	den bhainisteoir	den mbainisteoir	den bhainisteoir
don chuairoteoir	don chuairoteoir	don gcuairoteoir	don chuairoteoir
don cheist	don cheist	don gceist	don cheist
san fhuacht	sa bhfuacht	sa bhfuacht	san fhuacht
san fhuinneog	sa bhfuinneog	sa bhfuinneog	san fhuinneog
san oifig	san oifig	san oifig	san oifig
sa bhosca	sa mbosca	sa bhosca	sa bhosca
sa doras	sa doras	sa doras	sa doras
sa tuarascáil	sa tuarascáil	sa tuarascáil	sa tuarascáil

<i>t</i> roimh <i>s</i> in Ainmfhocail Fhirinscneacha			
ón siopa	ón siopa	ón siopa	ón tsiopa
ag an saighdiúir	ag an saighdiúir	ag an saighdiúir	ag an tsaighdiúir
ar an sagart	ar an sagart	ar an sagart	ar an tsagart
don seanduine	don seanduine	don seanduine	don tseanduine
den salann	den salann	den salann	den tsalann
sa sruth	sa sruth	sa tsruth	sa tsruth
<i>t</i> roimh <i>s</i> in Ainmfhocail Bhaininscneacha			
den tsaoire	den tsaoire	den saoire	den tsaoire
den tsláinte	den tsláinte	den sláinte	den tsláinte
sa tsnaidhm	sa tsnaidhm	sa tsnaidhm	sa tsnaidhm
ar an tsráid	ar an tsráid	ar an sráid	ar an tsráid

Foscúbhinn 11

An t-ainmfhocal éiginnte cáilithe agus an tuiseal ginideach

Aighneacht a chuireas faoi bhráid bhaill an Choiste Stiúrtha ar an Athbheithniú ar an gCaihteán Oifigiúil ag cruinniú den Choiste i Nollaig na bliana 2010.

Pointí i dtaca le 3A agus 3C

Is iad na heiseamláirí a bhí ag an gCoiste agus an dá aicme sin thuas, 3A agus 3C, á bplé againn ná ‘bata fear siúil’ agus ‘hata fear mór’. Dar liom go bhfuil argóintí láidre ann i gcoinne a leithéidí a chur sa Chaighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge, 2011. Cuirtear na hargóintí sin i láthair anseo thíos, le siúil is go spreagfar tuilleadh plé ar an dá réimse sin.

‘bata fear siúil’

- 1) Tá samplaí aithnidiúla sa chaint den dá ainmfhocal a bheith sa ghinideach i gcás iad a bheith faoi réir ag ainmfhocal eile, leithéidí ‘óiche chinn bhliana’ / ‘cruinniú cinn bhliana’; faightear an múnla céanna san ainm ‘Niamh Chinn Óir’ agus sa sloinne ‘Mac Fírbhisigh’, mar aon le logainmneacha ar nós ‘Baile Átha Cliath’.
- 2) Tugann Ó Dónaill leithéidí ‘culaith fir tíre’ (*civilian suit*) agus ‘in éide fir tíre’ (*in plain clothes*), ‘ga tí solais’, ‘scian coise adhairce’, ‘neart mná seoil’ [‘ní raibh neart mná seoil ionam’], ‘giolla cinn eich’, ‘fear cinn meithle’, ‘cior mhullaigh tí’, ‘leite mhine coirce’, ‘arán mine cruithneachta’, ‘fearann aráin choirce’, ‘lá cinn bhliana’,¹ ‘óiche chinn bliana’,² ‘óiche Lae Bealtaine’, ‘Oidhe Chlainne Lir’, ‘craiceann circe gé’, ‘nead codlamáin airde’ agus ‘luch chodlamáin airde’.³
- 3) I gcás roinnt téarmaí a thugtar in Ó Dónaill feictear go gcuirtear séimhiú ar an ainmfhocal nach gcuirtear sa ghinideach mar chúiteamh ar an easpa ginidigh – léiriú gur braitheadh nár leor an t-ainmfhocal sin a fhágáil san ainmneach – leithéidí ‘uisce bharr talún’, ‘gunna chloch thine’, ‘teideal cháipéis dlí’, ‘druma chrann tógála’, ‘crannlach bharr taoide’ agus ‘soitheach bhéal easrach’.



Bata fir shiúil

¹ FGB, s.v. ‘ceann’.

² FGB, s.v. ‘óiche’.

³ Tugtar *mare’s nest* agus *pigmy shrew* orthusan thuas, faoi seach, in FGB, s.v. ‘nead’ agus ‘luch’ – cf. fonóta 12 ar lch 490. Tabhair do d’aire nach liosta iomlán é an liosta sin thuas.

- 4) Sa réimse a bhfuilimid ag plé leis anseo, is é sin, i gcáipéisí oifigiúla, tá neart samplaí den dá ainmfhocal sa ghinideach – i dteideal comhlachtaí ('Bord Iascaigh Mhara', 'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann', srl.), i dteidil go leor Achtanna (m.sh. 'an tAcht Árachais Sláinte, 1994', 'an tAcht um an gCiste Oideachais Eolaíochta agus Teicneolaíochta (Infheistíocht), 1997', 'an tAcht Síolrúcháin Chapall, 1990', 'an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990', srl.; san iolra faighimid 'an tAcht Cumann Foirgníochta, 1989); agus i dtéarmaí aonair sna hAchtanna féin faightear leithéidí 'coimeádaí tí solais' in Acht ó 1977, agus 'feithicil briogáide dóiteáin' in Acht ó 1979.⁴
- 5) Ní amháin gurb in é an múnla atá sa Chaighdeán reatha ach is é atá in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* leis, mar a dtugtar 'fear tí solais', mar shampla. Agus is amhlaidh go raibh an abairt 'bata fir shiúil' i bparaidím a tugadh in *Nuachúrsa Gaeilge na mBráithre Críostaí*, a foilsíodh sa bhliain 1962 agus a bhí mar théacsleabhar scoile i ngach aon scoil de chuid na mBráithre Críostaí ar feadh na mblianta fada.⁵
- 6) I dtaca lena bhfuil á mholadh i gcáipéis an Choiste, d'fhéadfadh deacracht a bheith ann ag iarraidh a dhéanamh amach cé acu ainmfhocal lena dtéann an dara hainmfhocal – m.sh., cad faoi 'Rialacha Cúirte Dúiche', 'Rialacha Cúirte Cuarda', etc? Tá 'urlár íochtair bus' ag Ó Dónail; an bhféadfadh duine a áiteamh gur aonad, é 'íochtar bus'?⁶
- 7) Ar deireadh, i gcás 'bata fear siúil', nílím cinnte ach gur 'bata an fhir shiúil' ba cheart a bheith ann, ar aon nós, de réir dhúchas na teanga – cuimhnigh, mar shampla, ar 'greim an fhir bháite', a aistrítear go Béarla mar *a drowning man's grip*.

'hata fear mór'

D'fhéadfaí formhór na bpointí sin thuas a dhéanamh i dtaca le 'hata fear mór', chomh maith. Léiríonn 'leite mine buí', mar shampla, go bhfuil nathanna den mhúnla 'hata fir mhóir' bunaithe sa chaint, agus rinneadh a leithéidí a dhaingniú sa réimse oifigiúil nuair a áiríodh 'oíche gaoithe móire' agus 'scian coise duibhe' mar eisceachtaí ó riail an tséimhithe i ndiadh ainmfhocail bhaininscigh sa Chaighdeán Oifigiúil.⁷ Sa réimse oifigiúil, mar shampla, tá teidil ar nós 'An Roinn

⁴ Tá neart samplaí eile le fáil anois i gCaibidil 13 den staidéar, mar a ndírítear ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach ar lorg ginidigh uatha fhirinscigh.

⁵ Féach lch 143 den Ghraiméar sin: 'fear siúil', 'ag fear siúil', 'bata fir shiúil', 'a fhir shiúil', 'fir shiúil', 'ag fir shiúil', 'mná fear siúil' agus 'a fheara siúil' (tugadh sraith eile sa ghraiméar sin, chomh maith, leis an alt roimh 'fear siúil') – cf. fonóta 45 ar lch 397 thuas.

⁶ Féach freagra Liam Prút ar an gceist sin i bhFoscábhinn 15.

⁷ Thug *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* 'bean baile mhóir' mar shampla eile den eisceacht sin.

Leasa Shóisialaigh’ ann, mar aon leis an iliomad ‘Acht Leasa Shóisialaigh’.⁸ Agus ó thaobh logainmneacha na tíre de, ní gá dul thar ‘Inis Bó Finne’.

Is cinnte nach gcuirtear an ghinideach in iúl sa chaint oiread agus a chuirtear in iúl é san am a caitheadh. Iarracht fhóna ar phatrúin a aimsiú i dtaca leis an lagú sin atá i moltaí atá déanta sa cháipéis atá curtha faoi bhráid an Choiste Stiúrtha. I gcás an dá aicme atá faoi chaibidil againn anseo, áfach, is amhlaidh nach raibh aon deacracht leo in aistriú Achtanna an Oireachtais ná in aistriú Ionstraimí Reachtúla. Ar na cúiseanna a thugtar thuas, bheinnse ag moladh, sa réimse oifigiúil, go gcloifí leis an ngnás oifigiúil reatha, atá simplí díreach, atá de réir dhúchas na teanga agus nach bhfuil aon éiginnteacht ag baint leis.⁹

⁸ Tá neart samplaí eile le fáil anois i gCaibidil 10 den staidéar, mar a ndírítear ar an ainmfhocal cáilithe sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile.

⁹ Féach an chéad Fhoscríbhinn eile i gcomhair leagain den aighneacht sin thuas a chuireas chuig baill an Choiste Stiúrtha roimh chruinniú den Choiste sin i bhFeabhra na bliana 2011.

Foscúbhinn 12

An Ginideach – argóintí i gcoinne leithéidí ‘scian cos dhubh’ agus ‘bata fear siúil’

Aighneacht a chuireas chuig baill an Choiste Stiúrtha ar an Athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil roimh chruinniú den Choiste sin i bhFeabhra na bliana 2011.¹

1 ‘scian cos dhubh’

Tugadh ‘óiche gaoithe móire’ agus ‘scian coise duibhe’ mar shamplaí d’aicme amháin eisceachtaí ó riail an tséimhithe i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh sa Chaighdeán Oifigiúil i 1958 (is é sin, nach séimhítear an t-ainmfhocal sa ghinideach nuair a bhíonn aidiacht ag gabháil leis). Thug *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960) ‘bean baile mhóir’ mar shampla eile den eisceacht sin. Agus leanadh na trí shampla sin i gcáipéisí oifigiúla le leathchéad bliain anuas.

Imítear ón múnla sin, áfach, sa riail nua atá molta san athbhreithniú reatha ar an gCaighdeán Oifigiúil. I gcás ainmfhocail éiginnte atá cáilithe ag aidiacht agus an t-ainmfhocal sin faoi réir ag ainmfhocal eile, tá molta anois an t-ainmfhocal agus an aidiacht araon a bhí sa ghinideach go dtí seo a fhágáil san ainmneach – ‘hata fear mór’ a bhí mar eiseamláir don aicme sin agus í faoi chaibidil ag an gCoiste.²

An cheist atá ardaithe anois ná, i gcomhthéacs riail nua an Choiste ar an séimhiú tar éis ainmfhocail bhaininscnigh, an bhfuil, agus an aicme eisceachtaí seo ó riail an tséimhithe á coinneáil sa riail nua, an riail i gCaighdeán 1958 nach séimhítear an t-ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach ‘nuair a ghabhann aidiacht leis an nginideach – e.g. *óiche gaoithe móire, scian coise duibhe*’ le leasú go ‘nuair a ghabhann aidiacht leis an nginideach – e.g. *óiche gaoth mhór, scian cos dhubh*’.³

Ar na míbhuntáistí a ghabhfadh lena leithéid bheadh:

- (1) i gcás *óiche gaoth mhór*, mar shampla, go mbeadh an aidiacht *mór* ag cáiliú *óiche* agus *gaoth* araon – is é sin, go bhféadfaí *óiche gaoth mhór* a léamh amhail is gur ‘óiche mhór ghaoithe’ a bhí ann, ar aon dul le leithéid *bean tí mhaith*, chomh maith lena léamh mar ‘óiche a raibh gaoth mhór ann’; i gcás *scian cos dhubh*, d’fhéadfadh an scian nó an chos a bheith dubh; cá bhfios

¹ Tógtar san aighneacht seo ar an aighneacht a thugtar i bhFoscúbhinn 11, ar aighneacht í sin nach raibh curtha faoi bhráid bhaill an Choiste roimh an gcrúinniú áirithe sin, ach a tugadh dóibh ag an gcrúinniú féin.

² Aicme 3C i gcáipéis aontaithe an Choiste ar an ainmfhocal (lch 10).

³ Féach uimh. 9 ar lch 3 den cháipéis ‘Séimhiú – Cinneadh i bPrionsabal’. Ar ndóigh, seans gurb é a mholfar ná téarmaí eile ar fad, a bheadh de réir an mhúnla nua sin, a chur isteach in áit na dtéarmaí aithnidiúla sin.

nach mbeadh impleachtaí ag débhríochas dá leithéid i gcás a macasamhla de théarmaí i gcáipéisí oifigiúla;

- (2) dá mbeadh an t-aonad féin sa ghinideach, bheadh leithéid ‘tosach na hoíche gaoth mhór’ ann, is é sin, go mbeadh an tuiséal ainmneach ag teacht i ndiaidh an tuisil ghinidigh, múnla nach féidir liom cuimhneamh ar aon fhasach dó.

D’áiteoinnse, áfach, nach iad na samplaí ba chóir a leasú ach an riail nua sin atá molta maidir leis an ainmfhocal éiginnte atá cáilithe ag aidiacht a fhágáil san ainmneach tar éis ainmfhocail eile – is é sin, gur cheart leithéid ‘hata fir mhóir’, ar aon dul le *oíche gaoithe móire* agus *scian coise duibhe*, a bheith mar eiseamláir sa Chaighdeán nua in áit ‘hata fear mór’. Léiríonn leithéidí ‘brachán mine buí’,⁴ ‘toirtín aráin bhuí’ agus ‘buidéal uisce the’⁵ go bhfuil nathanna den mhúnla ‘hata fir mhóir’ bunaithe sa chaint. Agus sa réimse oifigiúil tá teidil ar nós ‘An Roinn Leasa Shóisialaigh’ ann, mar shampla – ‘An Roinn Coimirce Sóisialaí’ anois – mar aon leis an iliomad ‘Acht Leasa Shóisialaigh’. Ó thaobh logainmneacha na tíre de, ní féidir ‘Inis Bó Finne’ a shárú ar áilleacht.

Moltar anseo, mar sin,

- (i) gan riail nua a chur chun cinn faoina ndéanfaí an t-ainmfhocal éiginnte a mbeadh aidiacht ag gabháil leis a fhágáil san ainmneach tar éis ainmfhocail eile, agus
- (ii) *oíche gaoithe móire* agus *scian coise duibhe* a fhágáil mar eiseamláirí i gcás na rialach nach séimhítear an t-ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal baininsneach nuair a ghabhann aidiacht leis an nginideach.

2 ‘bata fear siúil’

Tá molta ag an gCoiste, chomh maith, nach ndéanfaí ainmfhocal éiginnte atá cáilithe ag ainmfhocal a chur sa ghinideach feasta más aonad brí an dara péire ainmfhocal agus nach focal gníomhaíochta an chéad cheann den péire sin. ‘Bata fear siúil’ a bhí mar eiseamláir agus an aicme sin faoi chaibidil ag an gCoiste.⁶ Léiríonn an téarma ‘scian coise adhairce’⁷ an gnás sa Chaighdeán Oifigiúil reatha a bhfuil an Coiste ag moladh imeacht uaidh (is é sin, an dara agus an tríú hainmfhocal araon a chur sa ghinideach), agus léiríonn sé, chomh maith, an dlúth-

⁴ Díol spéise gur ‘leite mhine buí’, le séimhiú ar an ainmfhocal cáilithe sa ghinideach, a fhaightear in FGB, s.v. ‘leite’.

⁵ Táim faoi chomaoin ag Éamonn Ó Dónaill as an sampla sin a thabhairt dom – cf. fonóta 20 sa chéad Fhoscríbhinn eile i dtaca leis an gcomhchomhairle a bhí agam leis ar na huimhreacha.

⁶ Aicme 3A i gcáipéis aontaithe an Choiste ar an ainmfhocal (lch 6).

⁷ Féach FGB, s.v. ‘adharc’, agus *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1960, lch 30) – cf. Caibidil 10 thuas, mar a ndírítear ar an ainmfhocal cáilithe sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile.

cheangal atá idir an aicme seo agus an aicme a pléadh thuas, is é sin, an aicme lenar bhain ‘scian coise duibhe’.

Ar na míbhuntáistí atá leis an riaiil nua atá molta tá go bhféadfadh, i gcás téarmaí ar nós ‘Rialacha Cúirte Dúiche’ agus ‘Rialacha Cúirte Cuarda’, aonad brí a bheith i gceist sa chéad agus sa dara péire ainmfhocal araon – d’fhéadfadh duine amháin a áiteamh gurb é ‘Rialacha Cúirte’ an t-aonad brí agus duine eile ‘Cúirt Dúiche’ / ‘Cúirt Cuarda’.

Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh deacracht a bheith ag duine ag iarraidh a dhéanamh amach cé acu an aonad brí an dara péire ainmfhocal nó nach ea. An aonad brí é ‘íochtar bus’ in ‘urlár íochtair bus’,⁸ mar shampla? Cad faoi na téarmaí ‘lán mara rabharta’ agus ‘cior mhullaigh tí’? An bhféadfadh duine a áiteamh gur ‘lán muir rabharta’ agus ‘cior mhullach tí’ ba cheart a bheith iontusan feasta?

De bhreis air sin, tá an deacracht lena bhfuil i gceist le ‘focal gníomhaíochta’. Is é is dóichí gur ainm briathartha atá i gceist anseo le ‘focal gníomhaíochta’, tharla go moltar i gcás na haicme díreach roimhe seo i gcáipéis aontaithe an Choiste ar an ainmfhocal – is é sin, ‘ainmní + ainm briathartha + cuspóir díreach an ainm bhriathartha’⁹ – go ndéanfaí ‘an t-ainm briathartha nó an focal gníomhaíochta’ a chur sa ghinideach. I gcás roinnt téarmaí, áfach, ní bheadh sé soiléir an ainmneacha briathartha atá iontu nó gnáth-ainmfhocail. Má thógaimid ‘tuarascáil innealtóireachta údaráis’, mar shampla, ar téarma é a thugtar sna samplaí den riaiil sin a bhaineann leis an aicme ‘ainmní + ainm briathartha + cuspóir díreach an ainm bhriathartha’, táthar ann nach n-áireodh ‘innealtóireacht’ mar ainm briathartha ná mar fhocal gníomhaíochta.¹⁰

D’áiteoinnse, áfach, nár chóir go mbeadh ar dhuine cinneadh a dhéanamh, nuair a bhíonn trí ainmfhocal ag teacht i ndiaidh a chéile, an aonad brí a bhí sa dara péire ainmfhocal, nó nach ea, agus an ‘focal gníomhaíochta’ nó ainm briathartha a bhí sa dara focal, ach go leanfaí an gnás atá sa Chaighdeán Oifigiúil reatha agus an dá ainmfhocal dheireanacha a chur sa ghinideach. Tá samplaí aithnidiúla sa chaint den dá ainmfhocal a bheith sa ghinideach agus iad faoi réir ag ainmfhocal eile, leithéidí ‘oíche chinn bhliana’ / ‘cruinniú cinn bhliana’ agus ‘gloine uisce bheatha’.¹¹

⁸ Téarma a thugtar i bhFoclóir Uí Dhónaill – cf. lch 509 i bhFoscscríbhinn 15, mar a dtugtar freagra ó Liam Prút ar an gceist sin thuas.

⁹ Aicme A2 i gcáipéis an Choiste (lch 4).

¹⁰ Tharla go mbíonn dhá ghinideach ag focail áirithe, ag brath ar cé acu an ginideach mar ainm briathartha atá i gceist nó ginideach mar ghnáth-ainmfhocal, an bhféadfaí a áiteamh, agus an riaiil nua i bhfeidhm, gur ‘dáta eisiúint fógra’ a scríobhfaí in áit ‘dáta eisiúna fógra’, mar a fhaightear faoi láthair, tharla go mbeifí ag súil leis, b’fhéidir, gur ‘dáta eisithe fógra’ a bheadh ann dá mbeadh an ginideach den ainm briathartha i gceist?

¹¹ Faighimid samplaí de ‘gloine uisce bheatha’ ó Mháire (Séamus Ó Grianna) agus ó Phádraig Ó Baoighill (Gaeilge Uladh), maille le samplaí ó Sheán Ó Ruadháin (Gaeilge Thuaisceart Mhaigh Eo), i Nua-Chorpas na hÉireann.

Agus faightear an múnla céanna sin san ainm ‘Niamh Chinn Óir’, sa sloinne ‘Mac Fírbhisigh’ agus sa logainmn ‘Baile Átha Cliath’.

Ag díriú go sonrach dúinn ar an eiseamláir sin ‘bata fear siúil’, is amhlaidh go dtugtar ‘culaith fir tíre’ (*civilian suit*) agus ‘in éide fir tíre’ (*in plain clothes*) i bhFoclóir Uí Dhónaill, ar téarmaí iad a dtiocfadh ‘bata fir siúil’ leo. Faoin bhfocal ‘seol’ san fhoclóir sin tugtar an abairt ‘ní raibh neart mná seoil ionam’. Agus tugtar neart samplaí eile den mhúnla céanna sin ann – leithéidí ‘lá cinn bhliana’, ‘óiche Lae Bealtaine’, ‘Oidhe Chlainne Lir’, ‘leite mhine coirce’, ‘arán mine cruithneachta’ agus ‘ga tí solais’.¹²

Sa réimse a bhfuil an Coiste ag plé leis, is é sin, i gcáipéisí oifigiúla, tá neart samplaí den dá ainmfhocal sa ghinideach. Cuimhnigh ar theidil chomhlachtaí ar nós ‘Bord Iascaigh Mhara’ agus ‘Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann’. Mar shampla de theidil Achtanna tá ‘an tAcht Árachais Sláinte, 1994’, ‘an tAcht um an gCiste Oideachais Eolaíochta agus Teicneolaíochta (Infheistíocht), 1997’, ‘an tAcht Síolrúcháin Chapall, 1990’ agus ‘an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990’, srl.¹³ Agus i gcás téarmaí aonair sna hAchtanna faightear leithéidí ‘coimeádaí tí solais’ in Acht ó 1977 agus ‘feithicil briogáide dóiteáin’ in Acht ó 1979.¹⁴

Ní amháin go bhfuil múnla an Chaighdeáin Oifigiúil reatha á leanúint sna samplaí sin thuas ach is é an múnla céanna sin atá in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, chomh maith, áit a dtugtar ‘fear tí solais’, mar shampla. Agus is amhlaidh go raibh an abairt ‘bata fir shiúil’ féin i bparaidím a tugadh in *Nuachúrsa Gaeilge na mBráithre Críostaí*, a foilsíodh sa bhliain 1962, agus a bhí mar théacsleabhar scoile i ngach aon scoil de chuid na mBráithre Críostaí leis na blianta fada.¹⁵

¹² Tugann Ó Dónaill go leor téarmaí a bhaineann leis na seanlaethanta nó téarmaí ar seantéarmaí dúchasacha iad ach go háirithe, leithéidí ‘fearann aráin choirce’, ‘scian coise adhairce’, ‘giolla cinn eich’, ‘fear cinn meithle’, ‘cíor mhullaigh tí’, ‘craiceann circe gé’, ‘nead codlamáin airde’ agus ‘luch chodlamáin airde’ – tabhair do d’aire, le do thoil, nach liosta iomlán dá bhfuil den mhúnla seo in FGB atá anseo.



‘luch chodlamáin airde’

¹³ San iolra faighimid ‘an tAcht Cumann Foirgníochta, 1989’, mar shampla.

¹⁴ Ní mór cuimhneamh anseo leis go mbeadh ar scríbhneoirí na téarmaí a bheadh de réir an mhúnla atá á mholadh ag an gCoiste a chur sa ghinideach, chomh maith – an ‘úinéir feithicle briogáid dóiteáin’ a bheadh ann, is é sin, an t-ainmneach ag teacht i ndiaidh an ghinidigh? Féach anois Caibidlí 13-14 den staidéar seo, mar a dtugtar lear mór samplaí d’ainmfhocail agus d’ainmneacha briathartha, faoi seach, sa ghinideach ar lorg ginidigh uatha fhirinscnigh.

¹⁵ Féach lch 143 den ghraiméar sin: ‘fear siúil’, ‘ag fear siúil’, ‘bata fir shiúil’, ‘a fhir shiúil’, ‘fir shiúil’, ‘ag fir shiúil’, ‘mná fear siúil’ agus ‘a fheara siúil’ – cf. fonóta 45 ar lch 397 thuas. Tugadh sraith eile sa ghraiméar sin, chomh maith, leis an alt roimh ‘fear siúil’. Ar ndóigh, b’fhéidir gur ‘bata an fhir shiúil’ ba cheart a bheith ann, ar aon nós, de réir dhúchas na

An Ghinideach

I gcás roinnt téarmaí a thugann Ó Dónaill feictear go gcuirtear séimhiú ar an ainmfhocal nach gcuirtear sa ghinideach, mar chúiteamh ar an dara hainmfhocal a fhágáil san ainmneach, fiú nuair nach ainmfhocal baininscneach atá sa chéad ainmfhocal – leithéidí ‘uisce bharr talún’, ‘gunna chloch thine’, ‘teideal cháipéis dlí’, ‘druma chrann tógála’, ‘crannlach bharr taoide’ agus ‘soitheach bhéal easrach’. Léiríonn na samplaí sin gur braitheadh nár leor an dara hainmfhocal sin a fhágáil san ainmneach. Agus, ar ndóigh, tá riail ar leith sa Chaighdeán Oifigiúil a bhaineann leis an ainmneach séimhithe in ionad an ghinidigh¹⁶ – tugtar ‘hata fhear an tí’ agus ‘ag moladh chlann an fhir oibre’ mar shamplaí den riail sin sa Chaighdeán Oifigiúil.

Ach leithéidí ‘bata fear siúil’ agus ‘oíche gaoth mhór’ nó ‘oíche ghaoth mhór’ a chur chun cinn, dhéanfaí an tuiséal ginideach sa Ghaeilge a lagú tuilleadh. Tugann Séamas Ó Murchú ‘trasna na gcnoic’ agus ‘toga na n-amhráin’, as Gaeilge Chonamara;¹⁷ tugann Diarmuid Ó Sé ‘a’ rá na n-amhráin’ agus ‘gairdín na manaigh’, as Gaeilge Chorca Dhuibhne,¹⁸ agus tugann Dónall Ó Baoill ‘ag iascaireacht bric’ as Gaeilge Uladh.¹⁹ Is beag duine, áfach, a bheadh ag áiteamh gur chóir go mbeidís-sean sa Chaighdeán Oifigiúil do scríobh na Gaeilge agus i gcáipéisí oifigiúla, mar a mbeifeá ag súil le foirm níos coimeadaí, chun an cruinneas a bhaineann leis na cáipéisí sin a chaomhnú. I gcás an dá aicme atá faoi chaibidil thuas, is amhlaidh nach raibh aon deacracht leo in aistriú Achtanna an Oireachtais ná in aistriú Ionstraimí Reachtúla, mar shampla. Ag cur na bpointí thuas san áireamh, b’inmholta, sa réimse oifigiúil, cloí leis an ngnás oifigiúil reatha, atá simplí díreach, atá de réir dhúchas na teanga agus nach bhfuil aon éiginnteacht ag baint leis.

Molaimse, mar sin, gan glacadh le cinneadh an Choiste nach ndéanfaí ainmfhocal éiginnte a bheadh cáilithe ag ainmfhocal a chur sa ghinideach i gcás aonad brí a bheith sa dara péire ainmfhocal agus an chéad cheann díobhsan gan a bheith ina fhocal gníomhaíochta.

teanga, in áit ‘bata fir shiúil’ (nó ‘bata fear siúil’) – cuimhnigh, mar shampla, ar ‘greim an fhir bháite’, a aistrítear go Béarla mar *a drowning man’s grip*.

¹⁶ ‘Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh’, *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil*, lch 93 ar lean.

¹⁷ *An Teanga Bheo: Gaeilge Chonamara* (1998), lch 20.

¹⁸ *An Teanga Bheo: Corca Dhuibhne* (1995), lch 13.

¹⁹ *An Teanga Bheo: Gaeilge Uladh* (1996), lch 75.

Foscúbhinn 13

Na hUimhreacha

Aighneacht a chuireas faoi bhráid Fochoiste den Choiste Stiúrtha ar an Athbheithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil ag cruinniú den Fhochoiste i bhFeabhra na bliana 2011.

Gnáthchritéir an Choiste á sárú ag trí chinneadh

Ar na critéir a bhí ag an gCoiste Athbheithnithe ar an gCaighdeán Oifigiúil le go leor dá gcinntí a dhéanamh bhí –

- (i) go raibh an úsáid a bhí á moladh le fáil in dhá cheann de na príomhchanúintí, agus/nó
- (ii) go raibh sí de réir an Chaighdeáin Oifigiúil reatha, agus/nó
- (iii) go raibh sí de réir *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, agus/nó
- (iv) go raibh sí de réir Fhoclóir Uí Dhónaill.

Is amhlaidh, áfach, i gcás na dtrí chinneadh a gcuirtear síos orthu anseo thíos, gur díbríodh leaganacha áirithe go dtí roinn na ‘Leaganacha Aitheanta Eile’ den Chaighdeán nua atá á chur i dtoll a chéile, cé go gcomhlíonann siad gach ceann de na critéir sin thuas.

A(ii): Uimhreacha os cionn 20

‘Fiche a trí bád’ atá molta don Chaighdeán Oifigiúil nua,¹ agus ní bheidh in ‘trí bhád is fiche’ feasta ach ‘Leagan Aitheanta Eile’, sa bhád céanna le ‘fiche is trí bhád’, ‘fiche is trí báid’ agus ‘trí báid is fiche’.²

Má fhéachaimid ar na trí mhórchanúint sna leabhráin sin ar na canúintí a chuir Institiúid Teangeolaíochta Éireann amach i ndeireadh na nóchaidí, níl aon trácht ar an gcóras atá á mholadh don Chaighdeán nua i leabhar Dhónaill Uí Bhaoill ar Ghaeilge Uladh ná i leabhar Dhiarmada Uí Shé ar Ghaeilge Chorca Dhuibhne – ar na samplaí a thugann Dónall Ó Baoill tá ‘Tá trí uan/huain is fiche aige’ agus ‘Dhíol sé naoi gcaora is fiche’, agus tugann Diarmuid Ó Sé ‘trí cinn is fiche’ agus ‘trí cinn fhichead’.³ Faighimid líne amháin, áfach, mar aguisín leis an gcur síos ar ‘fiche’ a thugann Séamas Ó Murchú ina leabhrán ar Ghaeilge Conamara – deir sé san abairt deiridh dá chur síos go bhfuil ‘bealach simplí ann freisin chun uimhreacha os cionn 20 a lua: *fiche cúig punt, tríocha cúig punt*, agus mar sin de.’⁴ Ach, roimhe sin, tugann sé ‘bliain is fiche’, ‘cúig bliana déag is fiche’, agus mar sin de.

¹ Lch 3 de cháipéis aontaithe an Choiste ar na huimhreacha.

² Lch 16 den cháipéis aontaithe a fuaireamar Déardaoin 17/02/11.

³ *An Teanga Bheo: Gaeilge Uladh*, lch 109, agus *An Teanga Bheo: Corca Dhuibhne*, lch 38.

⁴ *An Teanga Bheo: Gaeilge Chonamara*, lch 26.

Tugtar ‘trí chapall is fiche’ sa Chaigdeán Oifigiúil reatha agus in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* araon. Tugtar ‘duine is fiche’ i bhFoclóir Uí Dhónaill.⁵

Mar sin, le bheith de réir cinntí eile a rinneadh i réimsí eile, is ceart gur ‘trí bhád is fiche’ a bheadh á mholadh don Chaigheán Oifigiúil nua.⁶

Ar ndóigh, d’fhéadfaí ‘fiche a trí bád’ a áireamh ar na ‘Leaganacha Aitheanta Eile’ – agus go dtabharfaí an leagan de sin gan ‘a’ (i.e., ‘fiche trí bád’), chomh maith, agus go gcuirfí an ‘a’ isteach sna leaganacha ‘fiche is trí bhád’ agus ‘fiche is trí báid’⁷ (is é sin, ‘fiche is a trí bhád’ agus ‘fiche is a trí báid’).⁸

D(i): Uimhreacha agus an aidiacht – uimhir agus inscne

‘Dhá bhosca mór’ atá molta don Chaigheán Oifigiúil nua,⁹ agus díbrítear ‘dhá bhosca mhóra’ go dtí na ‘Leaganacha Aitheanta Eile’.¹⁰

Is amhlaidh go bhfuil leithéid ‘dhá bhosca mhóra’ le fáil sna trí mhórchanúint. Ar na samplaí a thugann Dónall Ó Baoill ina lámhleabhar ar Ghaeilge Uladh tá ‘trí chapall bhána’, ‘ceithre uan dhubha’, ‘sé choileach bheaga’, ‘seacht n-uan bhain-eanna’ agus ‘seacht bpoll bheaga chruinne’.¹¹ I dtaca le Gaeilge na Mumhan, deir Seán Ua Súilleabháin, in *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*, go mbíonn ‘séimhiú ar ainmfhocal faoi réir ag *dhá*’, go mbíonn sé ‘san uimhir uatha’, agus go mbíonn ‘aidiacht a ghabhann leis séimhithe agus foirm iolra uirthi, m.sh. *dhá shúil dhearga*’¹² – tugann sé *dhá choinneal bheaga*, chomh maith, mar aon le

⁵ Tugann Ó Dónall ‘trí leabhar fichead’ agus ‘trí leabhar ar fhichid’ leis, agus b’fhiú a leithéidí a áireamh mar ‘Leaganacha Aitheanta Eile’, chomh maith.

⁶ Is dóigh liom go sceitheann foclaíocht an mholta atá déanta sa cháipéis aontaithe ón gCoiste – is é sin, ‘moltar leaganacha ar nós “fiche a dó capall” a cheadú’ – go dtuigtear gur chóir go mbeadh stádas níos airde ag ‘trí bhád is fiche’ ná mar a bheadh ag ‘fiche a trí bád’. B’fhiú cuimhneamh, chomh maith, ar na huimhreacha sin in abairtí – braithim go mbeadh ‘seolta trí bhád is fiche’ nó ‘captaein thrí bhád is fiche’ nó ‘ag seoladh trí bhád is fiche’ níos deise ná ‘seolta fiche a trí bád’, ‘captaein fhiche a trí bád’ agus ‘ag seoladh fiche a trí bád’ faoi seach.

⁷ Lch 16 de cháipéis an Déardaoin.

⁸ Mar a chéile leis na leaganacha aitheanta eile seo a leanas a thugtar: ‘tríocha is cúig aistear’, ‘seasca is ocht gcrúinniú’, ‘tríocha is cúig haistir’ agus ‘seasca is ocht gcrúinnithe’ – is é sin, go léifidís mar a leanas: ‘tríocha is a cúig aistear’, ‘seasca is a hocht gcrúinniú’, ‘tríocha is a cúig haistir’ agus ‘seasca is a hocht gcrúinnithe’ – agus go n-áireofaí ‘tríocha a cúig euro’ agus ‘seasca a hocht crúinniú’ (lch. 3), mar aon le ‘tríocha cúig euro’ agus ‘seasca hocht crúinniú’, mar Leaganacha Aitheanta Eile in éindí leo.

⁹ Lch 10 den cháipéis aontaithe.

¹⁰ Lch 19 de cháipéis an Déardaoin.

¹¹ Deir Dónall Ó Baoill, chomh maith, go gcuirtear séimhiú ar aidiachtaí a bhíonn le hainmfhocail iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol: ‘seacht bpoill bheaga chruinne’, mar shampla.

¹² *Op. cit.*, lch 511 – sampla as *Seanachas Amhlaoibh Í Luínse* atá sa sampla sin thuas.

A dá shúil ghlasa agus ar a dá ghlúin gheala.¹³ In *The Irish of Iorras Aithneach, Co. Galway*, tugann Brian Ó Curnáin na samplaí ‘dhá cheann mhóra’ agus ‘trí cinn mhóra’.¹⁴

‘Dhá chapall mhóra’ a thugtar sa Chaighdeán Oifigiúil reatha agus ‘dhá naomhóg dhubha’ a thugtar in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*. Agus tugtar ‘dhá chrann mhóra’ i bhFoclóir Uí Dhónaill.

Cé go bhfuil sé de chuma air nach bhfuil aon chúis leis an aidiacht a bheith san iolra agus í arna séimhiú, tharla í a bheith ag gabháil le hainmfhocal san uatha, dealraíonn sé go bhfuil bunús leis an iolrú agus an séimhiú sin. De réir mar a thuigim, téann siad siar go dtí na hainmfhocail sin a raibh foirm iolra acu sa Ghaeilge Chlasaiceach a bhí cosúil leis an bhfoirm uatha. Thug scríbhneoirí na dtráchtas dúchasach gramadaí sa chúigiú/séú haois déag ‘an t-ainm íseal iolra’ ar an bhfoirm iolra sin, is é sin, foirm iolra a raibh sé de chuma uirthi nach foirm iolra a bhí inti in aon chor, murab ionann agus ‘an t-ainm ard iolra’. Sa Ghaeilge Chlasaiceach faightear an t-ainm ard iolra tar éis ‘trí’ in ‘trí fineadha’ agus ‘trí haicmeadha’, mar shampla, agus an t-ainm íseal iolra tar éis ‘trí’ in ‘trí fhine’ agus ‘trí aicme’.¹⁵

Maireann iarmhairt an ainm ísil iolra sin ‘ar bhéalaibh daoine’, mar a dúirt an Ríordánach. Mholfainn don Fhochoiste gan póg an bháis a thabhairt dó ach é a athdhearbhú agus léas nua beatha a thabhairt dó.

D(ii): Uimhreacha agus an aidiacht – *déag*

‘Ceithre fhile déag’ atá molta don Chaighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge (2011),¹⁶ agus is i measc na ‘Leaganacha Aitheanta Eile’ a áirítear ‘ceithre fhile dhéag chluíteacha’.¹⁷ Agus, d’ainneoin gur critéar de chuid an Choiste é fáil réidh le heisceachtaí sa Chaighdeán Oifigiúil reatha aon áit gur féidir sin a dhéanamh, is amhlaidh, sa Chaighdeán nua atá molta, go ndéantar eisceacht de ‘duine’, nach bhfuil eisceachtúil sa tslí sin sna canúintí i gcoitinne, ná sa Chaighdeán Oifigiúil reatha, ná in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* ná i bhFoclóir Uí Dhónaill.¹⁸

¹³ *Ibid.*, lch 511-2 – arís, is é *Seanachas Amhlaoibh Í Luínse* foinse an chéad dá shampla sin thuas; is as rann ó Chléire don sampla deiridh. Uaireanta i gCorca Dhuibhne, áfach, faightear an aidiacht ‘sa riocht ina mbeadh sí gan an focal *dhá* ann’ (m.sh. ‘dhá cheann muar’), a deir an Súilleabhánach (lch 511-2), a thugann ‘dhá shúilín dubh’ ó na Déisibh, chomh maith. Agus uaireanta faightear séimhiú ar aidiacht le hainmfhocal i ndiaidh ‘dhá’ gan í a bheith san uimhir iolra (m.sh. ‘dhá phiúnt dheas’) (lch 512).

¹⁴ *Op. cit.*, iml. 1, lch 572.

¹⁵ Samplaí a thugann Damian McManus ina chaibidil ar an Nua-Ghaeilge Chlasaiceach in *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*, lch 426.

¹⁶ An cháipéis aontaithe, lch 12.

¹⁷ Lch 21 de cháipéis an Déardaoin.

¹⁸ Féach lch 12 den cháipéis aontaithe ón gCoiste, mar a ndeirtear: ‘Ní chuirfear séimhiú ar

Mar a léireofar anseo thíos, tá a bhfuil sna canúintí ag teacht cuid mhaith lena bhfuil i bhFoclóir Uí Dhónaill faoin bhfocal ‘déag’: ‘*when preceded by cardinal [number], lenited after singular noun ending in vowel and after plural noun ending in slender consonant, except cinn.*’ Faoin bhfocal ‘trí’, mar shampla, tugann Ó Dónaill ‘trí bliana déag’ agus ‘trí leabhar déag’, ar láimh amháin, agus ‘trí mhí dhéag’ ar an lámh eile.

Deir Diarmuid Ó Sé, in *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, go séimhítear ‘déag’ i ndiaidh ainmfhocail uatha dar críoch guta – tugann sé ‘dhá mhí dhéag’ agus ‘sé lá dhéag’ mar shamplaí. Tugann Brian Ó Curnáin ‘dhe thrí bhanphrionsa dhéag’ in *The Irish of Iorras Aithneach, Co. Galway*.¹⁹ Deir Dónall Ó Baoill, in *Gaeilge Uladh*, gur ‘dhéag’ is gnách ní amháin i ndiaidh ainmfhocail san uimhir uatha agus a chríochnaíonn ar ghuta (‘sé mhála dhéag coirce’ a thugann sé mar shampla) ach, chomh maith leis sin, i ndiaidh ainmfhocail atá baininsneach agus a chríochnaíonn ar chonsan (‘ceithre bhollóg dhéag’ a thugann sé mar shampla de sin).²⁰

Faightear ‘an t-aon lá dhéag’ agus ‘na naoi mbó dhéag’ sa Chaighdeán Oifigiúil reatha agus tugtar ‘aon lá dhéag’ agus ‘seacht mí dhéag’ in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*.

Díol suntais a mhinice a thugtar ‘déag’ le ‘lá’ agus ‘mí’ i bhfoinsí éagsúla thuas, agus séimhiú air de réir an ghnáis thraidisiúnta. Ar ndóigh, tá an séimhiú ar ‘déag’ i ndiaidh ‘duine’ ag teacht leis an gcóras sin maidir le séimhiú ar ‘déag’ i ndiaidh ainmfhocail san uimhir uatha a chríochnaíonn ar ghuta.

Is iondúil gur ag iarraidh fáil réidh le heisceachtaí a bhítear sa phróiseas athbhreithnithe seo ar an gCaighdeán Oifigiúil. Mholfainn, dá réir sin, an riail mar atá sí leagtha amach i bhFoclóir Uí Dhónaill thuas a bheith sa Chaighdeán Oifigiúil agus nach nglacfaí le leithéid ‘ceithre fhile déag’ sa Chaighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge (2011).²¹

déag ach amháin ... nuair a thagann sé díreach i ndiaidh *duine* i mbonuimhreacha’.

¹⁹ *Op. cit.*, iml. 1, lch 573.

²⁰ Go fiú deir Dónall Ó Baoill (*op. cit.*, lch 108) go bhfuil cuma ar an scéal ‘faoi láthair’ gur fearr le cainteoirí an séimhiú a chur i bhfeidhm i ndiaidh gach ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan.

²¹ Agus ar cheart breathnú arís ar na leaganacha malartacha seo a leanas a thugtar ar lch 21 de cháipéis aontaithe an Déardaoin: ‘Sé theach tábhairne dhéag shalacha’, ‘Trí oíche Shathairn déag’ agus ‘Dhá chás cúirte dhéag dheacra’. Ag díriú ar an gcéad cheann díobhsan anseo, d’ainneoin go bhfuil sé sin sa Chaighdeán Oifigiúil reatha, nach amhlaidh go bhfuil ‘déag’ faoi réir ag ‘teach’ seachas ag ‘tábhairne’ san abairt sin agus gan séimhiú le bheith air dá bharr sin de réir an Chaighdeáin sin (arb é atá á léiriú sa ‘leagan aitheanta eile’ sin)?

Tabhair do d’aire gurb é an plé a rinneadh ar na ceisteanna thuas atá léirithe sa chartún in *Gramadach gan Stró! Eagrán 3*, le hÉamonn Ó Dónaill (Gaelchúltúr 2013), lch 109.

Foscríbhinn 14

Dhá leasú theicniúla ar an gCaighdeán Oifigiúil

Aighneacht a chuireas faoi bhráid Fochoiste den Choiste Stiúrtha ar an Athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil ag cruinniú den Fhochoiste i bhFeabhra na bliana 2011.

1 Ainmfhocail den Dara Díochlaonadh is gá a leathnú nuair a ghabhann *-a* leo san iolra

Moltar leis seo go bhfágfaí ar lár as an gCaighdeán Oifigiúil do *Scríobh na Gaeilge 2011* an ráiteas ar lch 13 den Chaighdeán Oifigiúil reatha¹ nach gcailleann na hainmfhocail den Dara Díochlaonadh is gá a leathnú chun *-a* a chur leo san iolra an *t-a* sin de ghnáth sa Ghinideach Iolra. Dá réir sin, chomh maith, moltar go bhfágfaí ar lár ó lch 2 agus 12 den Chaighdeán Oifigiúil reatha² an tagairt shonrach d'ainmfhocail den Dara Díochlaonadh is gá a leathnú nuair a ghabhann *-a* leo san iolra.

Mar seo a leanas a ghabhann an chéad abairt ar lch 12, faoin gceannteideal ‘An tIolra’: ‘Ainmfhocail a ghabhann *-a* gan coimriú ná malartú guta nó gutaí ná leathnú* ar an mbunfhoirm cailleann siad an *t-a* sa Ghinideach Iolra.’

Agus in alt 1(b) ar bharr lch 2, deirtear go mbíonn foirm leithleach ag an iolra sa Ghinideach ag ‘ainmfhocail a ghabhann an foirceann *-a* gan coimriú ná malartú guta nó gutaí ná leathnú* ar an mbunfhoirm’.

Tagraíonn an réiltín sa dá chás do lch 13,³ mar a maítear nach gcailleann ainmfhocail is gá a leathnú chun *-a* a chur leo san iolra an *t-a* sin de ghnáth sa Ghinideach Iolra.

I dtábla ar lch 13 tugtar cúig ainmfhocail nach gcailleann an *t-a*. Sa tábla céanna, áfach, tugtar ceithre ‘eisceacht’, is é sin, ainmfhocail a chailleann an *t-a* sin. Is amhlaidh, áfach, má bhreathnaítear ar na samplaí atá ar fáil d’úsáid na 5 ainmfhocail sin, mar a dhéantar san Aguisín a ghabhann leis an meamram seo, go bhfeictear go gcailleann siadsan an *t-a* sin de ghnáth, chomh maith.

Moltar sa leasú seo, mar sin, ainmfhocail is gá a leathnú a bheith ar aon dul leis na hainmfhocail nach gá a leathnú, sa mhéid go gcailleann siad go léir an *t-a* sa ghinideach iolra.

¹ 2009, leagan leictreonach – tá an ráiteas sin le fáil ar lch 12 den Chaighdeán Oifigiúil a cuireadh i gcló sa bhliain 2004, mar shampla.

² Lch 1 agus lch 11, faoi seach, i gCaighdeán Oifigiúil 2004.

³ Lch 12 i gCaighdeán Oifigiúil 2004.

2 Na Briathra Neamhrialta: An Fhoirm Spleách

Moltar leis seo go ndéanfaí an sliocht seo a leanas ar lch 61 den Chaighdeán Oifigiúil reatha a leasú:

ní úsáidtear na leaganacha ar *-r* (na cinn idir lúibíní) de na míreanna sin san Aimsir Chaite, Modh Tásach, leis na foirmeacha leithleacha atá ag *déanaim* agus *téim* sa Spleách, ná leis na briathra *deirim*, *faighim*, *feicim*, *táim*, *téim*

Is é seo a leanas an leagan leasaithe a mholtar leis seo:

ní úsáidtear na leaganacha ar *-r* (na cinn idir lúibíní) de na míreanna sin leis na briathra *déanaim*, *deirim*, *faighim*, *feicim*, *táim* ná *téim*

Ar na cúiseanna atá leis na leasuithe sonracha thuas tá:

- (a) faightear *téim* faoi dhó sa riail reatha;
- (b) tá foirm leithleach ag na briathra sin go léir sa Chaite;
- (c) baineann na samplaí go léir a thugtar leis an Aimsir Chaite – is é sin, níl an Aimsir Chaite teoranta don chéad dá bhriathar a thugtar thuas.

B'fhéidir, chomh maith, go bhféadfaí nóta a chur roimhe sin, agus na míreanna á dtabhairt, ag míniú na leaganacha ar *-r*, is é sin, go ndéanfaí an t-ábhar sin faoin gceannteideal *An Fhoirm Spleách* a athscríobh mar a leanas:

Is í an fhoirm spleách a leanann na cónaisc, na forainmneacha coibhneasta agus na míreanna briathartha seo a leanas (tugtar na leaganacha díobh a úsáidtear san Aimsir Chaite, Modh Tásach, de ghnáth, idir lúibíní cruinne):

a (*ar*) [forainm coibhneasta, agus = an méid],⁴ *an* (*ar*), *cá* (*cár*), *dá* (*dár*) [*<de+a* (*ar*)] agus *dá* [coinníollach], *go* (*gur*), *mura* (*murar*), *nach* (*nár*), *ní* (*níor*), *sula* (*sular*).

Úsáidtear na míreanna sin leis na briathra neamhrialta sa tslí chéanna a n-úsáidtear iad le briathra rialta ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- (a) ní úsáidtear na leaganacha ar *-r* (na cinn idir lúibíní) de na míreanna sin leis na briathra *déanaim*, *deirim*, *faighim*, *feicim*, *táim* ná *téim*⁵

⁴ Leasaíodh é sin go ‘*a* (*ar*) [forainm coibhneasta] agus *a* (*ar*) [an méid]’ in *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011) – faightear ‘*a/ar* (= an mhír choibhneasta), *a/ar* (= an méid *a/ar*)’ sa Chaighdeán Athbhreithnithe (2012).

⁵ Is mar seo a leanas atá an chéad chuid thuas sa Chaighdeán Oifigiúil reatha:

Is í an fhoirm spleách a leanann na cónaisc, na forainmneacha coibhneasta agus na míreanna briathartha seo–

a (*ar*), forainm coibhneasta, agus = an méid, *an* (*ar*), *cá* (*cár*), *dá* (*dár*) *<de+a* (*ar*) agus *dá* (coinníollach), *go* (*gur*), *mura* (*murar*), *nach* (*nár*), *ní* (*níor*), *sula* (*sular*).

Is ar an gcuma chéanna a n-úsáidtear iad le briathra rialta a úsáidtear na míreanna sin leis na briathra neamhrialta ach amháin sna cásanna seo–

Aguisín

Is iad seo a leanas na cúig ainmfhocal a maítear sa Chaighdeán Oifigiúil reatha nach gcailleann siad an t-*a* de ghnáth sa Ghinideach Iolra – tugtar an fhoirm den ghinideach iolra atá acu, de réir an Chaighdeáin sin, chomh maith anseo:

‘cill’, *gin. iol.* ‘cealla’; ‘creig’, *gin. iol.* ‘creaga’; ‘rinn’, *gin. iol.* ‘reanna’; ‘roinn’, *gin. iol.* ‘ranna’, agus ‘uisinn’, *gin. iol.* ‘uiseanna’.

Scrúdaítear na hainmfhocail sin ina gceann agus ina gceann anseo thíos:

1) cill

Tugann Ó Dónaill an ghinideach iolra ‘ceall’ agus faighimid ‘can cairde ceall’ in DIL; tá thart ar 10,000 sampla de ‘na gceall’ ar *Google* i gcomórtas le 367 sampla de ‘na gcealla’, a bhformhór mór ag tagairt don logainm ‘na Cealla Beaga’ – agus is amhlaidh go dtugtar ‘na gCeall’ mar fhoirm an ghinidigh den logainm ‘Na Cealla’, i gCiarraí, san Ordú Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) (Uimh. 1) (Postbhailte) 1975 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 133 de 1975), mar a dtugtar ‘na gCealla Beaga’ mar fhoirm an ghinidigh iolra de ‘Na Cealla Beaga’ i nDún na nGall.



2) creig

Tá ‘Loch na gCreag Beag’ i nGaillimh, mar aon le ‘Scoil Náisiúnta na gCreag’, agus ‘creamh na gcreag’ atá ar *sand leek* ag Scannell, M.J.P. agus Synnott, D.M. (1987), *Census catalogue of the flora of Ireland*; is amhlaidh, áfach, go dtugtar le tuiscint in Ó Dónaill gur tréaniolra atá ag ‘creig’.

3) rinn

Tugann Ó Dónaill an ghinideach iolra ‘reann’ – ‘rinn’¹ in Ó Dónaill atá i gceist anseo, i.e. *point, tip*; ‘réalta’ atá i gceist le ‘rinn’², atá firinsneach (tá lagiolra aigesean, fch Leon Ó Broin, *Cogadh na Reann* .i. *The War of the Worlds* (le H.G. Wells), 1934, agus an téarma ‘Rí na Reann’ (Ár dTiarna)). Lagiolra a bhí ag ‘rinn’, *point*, sa tSean-Ghaeilge; tabhair do d’aire, áfach, go bhfaighimid ‘coin reanna’, ‘*swift hounds* (cf. *pointer*)’, in Dinneen.

4) roinn

Tá dhá chuid in Ó Dónaill san iontráil s.v. ‘roinn’: I, *share, portion*, agus ghinideach iolra ‘rann’ aige (agus gin. uatha ‘ranna’), agus II, *divided, partitioned, portion*, agus gin. iolra ‘ranna’ aige (agus gin. uatha ‘roinne’); faighimid an ghinideach iolra ‘ranna’ sa Teideal Fada atá ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1928 (i.e. ‘chun atharú do dhéanamh ... ar ainmneacha na ranna san’), ach i litir ón Taoiseach chuig Cléireach an tSeanaid ar an 24 Meitheamh, 1959, faighimid an ghinideach iolra ‘rann’ (i.e. ‘Tá orm a chur in iúl duit go bhfuil ... an Taoiseach ... tar éis na Ranna Stáit seo a leanas a shannadh inniu do na comhaltaí faoi seach

den Rialtas a luaitear a n-ainmneacha os coinne ainmneacha na Rann' [faightear 'ainmneacha na Ranna' i bhfógraí ó bhlianta eile ina dhiaidh sin,⁶ áfach]).

5) uisinn (*temple*)

Tá éagsúlacht mhór ann ó thaobh fhoirmeacha an fhocail seo; tugann Ó Dónaill an uimhir iolra 'uisinní', mar aon leis an leagan malartach 'uiseanna'; tugann sé 'uise' mar leagan malartach den ainmneach uatha agus 'uiseann' mar leagan malartach den ghinideach uatha; in DIL tugtar trí fhoirm éagsúla den iolra ('ussin', 'usine' agus 'uisin') i dtrí lámhscríbhinn éagsúla de *Sanas Chormaic* – is iad na trí fhoirm iolra sin a thugtar mar cheannfhocal in DIL.

Dhá ainmfhocal breise

Tabhair do d'aire go n-áiríonn *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* dhá ainmfhocal eile sa chatagóir seo leis, 'anachain' agus 'bárthain'.

6) bārthain

Tugtar 'bārthain', *defect, injury*, san Fhoclóirín a ghabhann leis an gCaighdeán Oifigiúil, mar a bhfaightear an uimhir iolra 'bārthana'. Tugann Ó Dónaill an fhoirm 'bārthainn' (i.e. le dhá 'nn' i ndeireadh an fhocail) [*hurt, injury*], ach ní thugann sé aon uimhir iolra; tá an fhoirm 'bārthainn' ag an Duinníneach, chomh maith, agus an fhoirm 'bārthanna' tugtha aige leis ('bārthainn, -anna', *a check, a halt, defect, injury; damage; charge, care, responsibility*), maille leis an leagan malartach 'bārthan'; 'bar(r)thain' atá ag DIL, áit nach dtugtar ach dhá shampla den fhocal sin, iad araon ó Dháibhí Ó Bruadair – tuairimítear san fhoclóir sin go bhfuil baint aige le *bar* an Bhéarla.

7) anachain

Tugtar 'anachain', *calamity*, san Fhoclóirín a ghabhann leis an gCaighdeán Oifigiúil, mar a bhfaightear an uimhir iolra 'anachana'. Tugann Ó Dónaill an fhoirm 'anachana' leis; faighimid 'anachna', chomh maith le 'anachaine', mar fhoirm an ghinidigh uatha in Dinneen.

Díol spéise nár áiríodh an dá fhocal sin sa tábla ar lch 12 den Chaighdeán Oifigiúil, agus is dócha gurbh fhearr go gcuirfí san áireamh sa tábla sin iad.

Conclúid

Ag cur san áireamh na samplaí den lagiolra atá tugtha thuas i gcás na n-ainmfhocal eile sin thuas, moltar athmhachnamh a dhéanamh ar an tábla sin agus ar an riail sin maidir leis na hainmfhocail is gá a leathnú roimh an *-a* deiridh sin san iolra agus go n-áireofaí na hainmfhocail sin mar ainmfhocail a chailleann an *t-a* sin de ghnáth sa Ghinideach Iolra. D'fhéadfaí an ginideach iolra den logainm 'Na Cealla Beaga' a áireamh, i bhfonóta, mar eisceacht ón riail, b'fhéidir.

⁶ Ag géilleadh don Chaighdeán Oifigiúil dóibh, is dócha.

Larscríbhinn

Is mar seo a leanas a cuireadh an leasú molta sin thuas faoi bhráid an Choiste Stiúrtha ar an Athbheithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil i mBealtaine 2011⁷

1a) Leasú ar alt 1(b) ar bharr **lch 2** den Chaighdeán Oifigiúil:⁸ tá ‘ná leathnú*’ le scriosadh as an abairt seo a leanas: ‘ainmfhocail a ghabhann an foirceann -a gan coimriú ná malartú guta nó gutaí ná leathnú* ar an mbunfhoirm’, is é sin, go léifeadh an abairt mar seo a leanas: ‘ainmfhocail a ghabhann an foirceann -a gan coimriú ná malartú guta nó gutaí ar an mbunfhoirm’.⁹

b) Chomh maith leis sin, tá an réiltín agus an nóta sin ag bun an leathanaigh (i.e. ‘*Féach lch 13.’¹⁰) le scriosadh.

2a) Leasú ar **lch 12**:¹¹ Tá ‘ná leathnú*’ le scriosadh as an abairt seo a leanas: ‘Ainmfhocail a ghabhann -a gan coimriú ná malartú guta nó gutaí ná leathnú* ar an mbunfhoirm cailleann siad an t-a sa Ghinideach Iolra’, is é sin, go léifeadh an abairt mar seo a leanas: ‘Ainmfhocail a ghabhann -a gan coimriú ná malartú guta nó gutaí ar an mbunfhoirm cailleann siad an t-a sa Ghinideach Iolra.’¹²

b) Chomh maith leis sin, tá an réiltín agus an nóta sin ag bun an leathanaigh (i.e. ‘*Féach lch 13.’¹³) le scriosadh.

3a) Leasú ar **lch 13**:¹⁴ Tá ‘; ní chailleann siad an t-a de ghnáth sa Ghinideach Iolra (réiltín leis na heisceachtaí)’ le scriosadh as an abairt seo a leanas: ‘ainmfhocail is gá a leathnú; ní chailleann siad an t-a de ghnáth sa Ghinideach Iolra (réiltín leis na heisceachtaí):-’, is é sin, nach mbeadh san abairt sin ach ‘ainmfhocail is gá a leathnú:-’.

b) Tá an tábla faoina bhun sin le leasú

1) trí na réiltíní a scriosadh as an gcéad cholún;

2) trí ‘cealla’, ‘creaga’, ‘reanna’, ‘ranna’ agus ‘uiseanna’ sa cheathrú colún a leasú go ‘ceall’, ‘creag’, ‘reann’, ‘rann’ agus ‘uiseann’;

⁷ Is faoi threoir Chathaoirleach an Choiste, agus ag cur moltaí an Fhochoiste san áireamh, a dhréachtas na leasuithe sin thuas lena gcur faoi bhráid an Choiste ar an 18 Bealtaine 2011.

⁸ Leagan leictreonach 2009 – tá alt 1(b) ag bun lch 1 den Chaighdeán Oifigiúil a cuireadh i gcló sa bhliain 2004, mar shampla.

⁹ Ar an ábhar sin thuas a athléamh dom i gcomhair an staidéir seo, is é is dóichí go mbeadh ‘ar an mbunfhoirm’ le scriosadh, chomh maith.

¹⁰ ‘*Féach lch 12.’ i gCaighdeán Oifigiúil 2004.

¹¹ Lch 11 i gCaighdeán 2004.

¹² Féach fonóta 6 thuas.

¹³ Féach fonóta 7 thuas.

¹⁴ Lch 12 i gCaighdeán 2004.

3) trí dhá shraith bhreise a chur leis an tábla, ina dtabharfaí

a) ‘anachain’, mar aon leis na foirmeacha ‘anachaine’, ‘anachana’ agus ‘anachan’, agus

b) ‘bárthainn’, mar aon leis na foirmeacha ‘bárthainne’, ‘bárthanna’ agus ‘bárthann’;

4) trí réiltín a chur le ‘anachan’, ‘creag’, ‘rann’ agus ‘uiseann’ sa cheathrú colún; agus

5) tríd an nóta seo a leanas a chur ag bun an leathanaigh: ‘Tabhair do d’aire go dtugtar le tuiscint i bhFoclóir Uí Dhónaill go n-áirítear san fhoclóir sin gur tréaniolra atá ag ‘anachain’, ‘creig’, ‘roinn’ (II) agus ‘uisinn’.’

Is é sin, tá an tábla le bheith mar seo a leanas:

UATHA		IOLRA	
<i>Ainmneach</i>	<i>ginideach</i>	<i>Ainmneach</i>	<i>ginideach</i>
anachain	anachaine	anachana	anachan*
bárthainn	bárthainne	bárthanna	bárthann
binn	binne	beanna	beann
cill	cille	cealla	ceall
creig	creige	creaga	creag*
deoir	deoire	deora	deor
ealaín	ealaíne	ealaíona	ealaíon
rinn	rinne	reanna	reann
roinn	roinne	ranna	rann*
seoid	seoide	seoda	seod
uisinn	uisinne	uiseanna	uiseann*

*Tabhair do d’aire go dtugtar le tuiscint i bhFoclóir Uí Dhónaill go n-áirítear san fhoclóir sin gur tréaniolra atá ag ‘anachain’, ‘creig’, ‘roinn’¹ (II) agus ‘uisinn’.

c) Tá ‘, leathnú’, ar an líne faoin gceannteideal ‘*Tréaniolraí*’, le scriosadh, i.e. go léifeadh ‘-a agus coimriú, leathnú nó malartú gutaí san iolra:–’ mar ‘-a agus coimriú nó malartú gutaí san iolra:–’.

d) Sa dá líne faoina bhun sin, is é sin, sa dara agus sa tríú líne faoin gceannteideal ‘*Tréaniolraí*’, tá ‘agus féach cill, etc. thuas’ le scriosadh, is é sin, nach mbeadh san abairt faoin líne atá luaite in c) thuas ach an méid seo a leanas: ‘**dabhach**, g. **daibhche**, *iol.* **dabhcha**; **scian**, g. **scine**, *iol.*, **sceana**;’.

Foscúbhinn 15

Réimeanna teanga agus rialacha gramadaí

Sleachta as aighneachtaí ó shaineolaithe teangeolaíochta agus teanga

Agus bailchríoch á cur againn ar ár gcuid oibre ar an gCoiste Stiúrtha ar an Athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil sa bhliain 2011, d'iarras ar na saineolaithe teangeolaíochta agus teanga a bhfuil tráchtáil leo anseo thíos aighneachtaí a thabhairt dom lena gcur faoi bhráid an Choiste sin ar an gceist seo a leanas ach go háirithe: 'Ar chóir go mbeadh an réim chéanna teanga sa Ghaeilge scríofa i gcás cáipéisí oifigiúla ar nós Achtanna an Oireachtais is atá i ngnáthchaint na ndaoine?' Sa chuid deiridh den Fhoscúbhinn tugtar an nóta cumhdaigh a chuireas leis na haighneachtaí sin agus iad á gcur faoi bhráid bhaill an Choiste agam.

An tOllamh Máirtín Ó Murchú

Ollamh Sinearach *Emeritus* i Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

... d'fhiafraís díom ar chóir go mbeadh cáipéisí oifigiúla, mar Achtanna an Oireachtais, ar aon fhoirm Ghaeilge le gnáthchaint na ndaoine. Cé gurbh fhéidir mórthráchtas a scríobh ar an gceist, is é mo fhreagra sa go hachomair uirthi nárbh fhéidir i bprionsabal a bheith, go háirithe sa staid aistriheach a bhfuil Gaeilge an phobail faoi láthair.



Máirtín Ó Murchú

Cibé cúis a spreag an t-athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil, agus cibé leasuithe a bheifear a mholadh, mheasfainnse gur mhór an botún é leasuithe gan ghá a dhéanamh ar théacsanna dlithiúla, mar a bhfuil réim shásúil agus leanúnachas friotail ar bun le fada. Tuigtear dom, mar shampla, go bhfuitear ag moladh gurb é an norm feasta gur uatha a chiallódh frása mar 'i leith mac léinn' agus gur iolra a chiallódh 'i leith mic léinn'. Tá an dá fhoirm ann faoi mar a bhíodar, gan aon athrú foirmiúil eatarthu ach, má ghlactar leis an moladh seo, beidh siad ar mhalairt brí ón mbrí a bhí acu roimhe seo. Is ar éigean is féidir a bheith in amhras faoin scrios a dhéanfadh a leithéid sin de mhearbhall ar stádas a bhfuil de théacsanna dlithiúla i nGaeilge. Thairis sin, mheasfainnse gur díth céille é briseadh gnáis mar sin a dhéanamh gan chúis sa réimse is deimhnithí a bhfuil norm bunaithe sa Nua-Ghaeilge ann. Tharlódh gurb é a thiocfadh de ná cúlú de réir a chéile ó aon iarracht ar a leithéid de norm a chothú.

Is í an fhírinne nach bhfuil caighdeán, i gcéill chruinn na sochtheangeolaíochta, bunaithe sa Nua-Ghaeilge. Ar na saintréithe caighdeáin nach bhfuil ag an gCaighdeán Oifigiúil, tá é a bheith á ghnáthú ag mór-aicme éigin de phobal na teanga; níltear tar éis glacadh forleathan go leor in aon chor leis an gCaighdeán Oifigiúil

chun gurbh fhéidir ‘caighdeán’ sa chéill is cruinne a thabhairt air. Go teicniúil, is é atá ann ná norm atá a bheag nó a mhór dlite i gcáipéisí Stáit, agus a bhfuil sain-aicme lánoilte ar é a úsáid chuige sin. Seachas mírialtachtaí ar mhian leis an tsain-aicme sin a cheartú, ní léir gur cuí cur isteach ar chobhsaíocht an noirm sa réimse sin. A mhalairt sin, is amhlaidh is cóir é a dhaingniú agus ligean dó leathadh de réir a chéile go réimsí eile.

Áiríonn sochtheangeolaithe gurb í buaic na ceannasachta d’aon teanga í a bheith in úsáid choitianta sna heolaíochtaí, sa reachtaíocht, agus i ngnóthaí Stáit. Mar a tharla, tá an Ghaeilge, i bhfoirm an Chaighdeáin Oifigiúil, suite cuíosach deimhnitheach faoi láthair i gcuid an Stáit den réimse sin. Is é an réimse a áirítear a bheith díreach laistíos den bhuaic sin ar an scála ceannasachta ná í a bheith in úsáid bhunaithe sa phrós tráchttaireachta. B’fhéidir gurb iad an aicme is mó a chleachtann an próis sin i nGaeilge ná an lucht léinn, agus is iad sin, dá bhfuil de scríbhneoirí Gaeilge ann, is lú a ghéilleann don Chaighdeán Oifigiúil, rud a lagaíonn go mór ar a cheart chun an teidil ‘caighdeán’ sa chéill is cruinne. Tá próis tráchttaireachta thairis sin ann, dar ndóigh, agus is nós d’fhoilsitheoirí áirithe iarracht a dhéanamh ar é a bheith de réir an Chaighdeáin Oifigiúil. I gcoitinne, áfach, níl an Caighdeán Oifigiúil ar bhonn slán sa réimse.

Riamh ó bunaíodh an Stát, ba iad foghlaimeoirí na Gaeilge, seachas a raibh den phobal dúchais fós ann, ba mhó ba shuim le lucht pleanála. Sa mhéid go mbítear ag iarraidh foirmeacha a shimpliú, is ar mhaithe le foghlaimeoirí é. Ní furasta an tsimplíocht a thomhas go hoibiachtúil, áfach. An simpliú dáiríribh é, mar shampla, na bríonna atá le ‘i leith mac léinn’ agus ‘i leith mic léinn’ a mhalartú thart? Gan amhras, tá gá le norm teagaisc sa chás nach bhfuil a leithéid ann cheana féin. Ba thairbhí, áfach, é a bhunú ar an dea-ghnás agus gan a bheith i dtaoibh le dultaí tacair. Go háirithe, níor ghá do norm teagaisc, ar aon leibhéal oideachais, bacaint puinn le gramadach frásaí ainmfhoclacha den chatagóir ‘préachán coise deirge’, seachas a bhfuil seanbhunaithe díobh a fhoghlaim mar aonaid. D’fhéadfaí Gaeilge acmhainneach a scríobh agus a labhairt gan a bheith i dtaoibh leo in aon chor.

I leith na Nua-Ghaeilge, is ar éigean is cuí an Béarla ná an Fhraincis a lua mar eiseamlárú ar an réim teanga is caighdeán ann. Tá caighdeán seanbhunaithe go docht sa dá theanga sin. Ina choinnibh sin, i gcás na Gaeilge, tá traidisiún fada liteartha a raibh tuiscint i gcónaí de norm ann go dtí gur baineadh forlámhas amach do Chaint na nDaoine i dtús an fichiú céad. De réir mar a suíodh an Ghaeilge i réimsí forleathana ba ghá féachaint le maolú ar lán-ilghnéitheacht chaint na ndaoine. De thoradh iarrachtaí na nglúnta a chuaigh romhainn, tá norm Gaeilge bunaithe sa reachtaíocht agus in imeachtaí Stáit; tá norm leathbhunaithe sa phrós tráchttaireachta; ní dócha nach bhfuil norm praiticiúil teagaisc á leanúint sa bhunscolaíocht agus sa mheánscolaíocht. Má tá leasuithe le déanamh sa réimse iomlán sin, ní féidir gur sa reachtaíocht puinn é, agus i gcoitinne ní cuí mór-chlaohlú a dhéanamh go hobann ar an ngnás bunaithe. Is é is cóir a dhéanamh mór-chorpas

de ghlan-Ghaeilge a chur á scagadh mar bhonn leis an ngnás sin a shaibhriú agus a ghlanadh ó ainriochtaí, nó ó aon earráidí a d'éirigh ó mhíroghnú foirmeacha.

An Dr Siobhán Ní Laoire

Léachtóir le Gaeilge, Cathaoirleach an MA sa Ghaeilge Fheidhmeach in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus údar tráchtas a bhaineann le réimeanna teanga

... Díríonn tú m'aire ar an bplé atá ar bun ag an gCoiste faoi láthair faoi mharcáil an ghinidigh sa teanga scríofa. Is é comhthéacs teangeolaíoch na díospóireachta sin ná na hathruithe reatha atá le tabhairt faoi deara sa teanga labhartha maidir le marcáil an ghinidigh.

Mar atá luaite agat féin sna nótaí eolais atá curtha i dtoll a chéile agat ... tá neart fianaise ann do luaineacht agus neamhsheasmhacht sa teanga labhartha chomhaimseartha maidir le marcáil an ghinidigh. Níl dabht ar bith ach go bhfuil tréimhse láidir athraithe ar bun sa teanga ar ghnéithe éagsúla den ghinideach agus go bhfuil leibhéalú agus ginearálú ag tarlú ann. An cheist nach bhfuil lánsoiléir fós, áfach, ná cé chomh fada agus a ghabhfaidh an claonadh seo chun simplithe.

Is é atá ag tarlú sa teanga labhartha sa tréimhse idirmheánach seo ná gur féidir difríochtaí a aithint maidir le patrúin úsáide ar féidir iad a rangú mar seo:

- Aoisghrúpaí: .i. speictream a shíneann ó dhaoine óga go seandaoine.
- Réim agus stíl: speictream a shíneann ó fhoirmeálta go neamhfhoirmeálta.

Sa dá chás seo, tá ráta níos airde ag marcáil 'thraidisiúnta' an ghinidigh, comhartha ar chomhartha, de réir mar a théitear i dtreo na foirmeáltachta agus de réir mar a théitear suas sna bandaí aoise. Patrún agus cleachtas sochtheangeolaíoch inaitheanta, coitianta é seo agus athrú ar bun taobh istigh de theanga.

Is é a fhaightear sa teanga scríofa i dteangacha eile nuair atá athraitheacht / sóinseálacht shioncronach den chineál seo i gceist ná go n-aithnítear na hidirdhealuithe seo de réir réime teanga. Cloítear leis an 'seanmhúnla' – an patrún coimeádach – do réimeanna agus stíleanna foirmeálta na teanga scríofa agus fágтар rogha nó saoirse níos mó do réimeanna níos ísle agus stíleanna neamhfhoirmeálta na teanga scríofa. I bhfocail eile aithnítear an athraitheacht, atá le fáil sa teanga labhartha, sa teanga scríofa chomh maith. Ní fheicim aon mhórfhadhb leis an gcur chuige seo agus tá de bhuntáiste leis nach gcuireann sé isteach ar chleachtas sna réimeanna teanga ar dual dóibh a bheith coimeádach de dheasca na réimsí a mbaineann siad leo – cáipéisí oifigiúla agus dlíthiúla ina measc. Tá leanúnachas den chineál seo tábhachtach ar chúiseanna praiticiúla, mar atá léirithe agat féin, ach tá tábhacht mhodheolaíochta leis freisin. Níl heol dom aon áitiú taighde go bhfuil na patrúin nua maidir le marcáil an ghinidigh curtha i gcrích sa teanga labhartha. An beagán taighde atá ann, dearbhaíonn sé go bhfuil athrú ag tarlú, gan dabht ar bith, ach go bhfuil an athraitheacht / sóinseálacht shioncronach ina

gné thábhachtach den phictiúr teangeolaíoch maidir le gramadach an ghinidigh faoi láthair agus le blianta anuas. Dá réir sin, chaithfinn aontú leis an argóint a thabharfadh aitheantas don dá phatrún sa teanga scríofa.

An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

Ollamh le Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad, agus údar na caibidle ar Ghaeilge Chonamara in *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (1994)

Dhá rud mhóra atá i gceist sa scéal seo uilig, sílim. Sa chéad áit, táthar ag moladh nach gcuirfí infhillleadh an ghinidigh i bhfeidhm i gcásanna a mbeadh trí ainmfhocal neamhchinnte ag teacht i ndiaidh a chéile.

Is mar sin atá an teanga ag dul agus tá aitheantas áirithe tugtha dá leithéid sa Chaighdeán Oifigiúil sa mhéid is nach ndéantar infhillleadh ar ainmfhocal neamhchinnte atá faoi réir ag ainm briathartha nuair a thagann aidiacht nó ainmfhocal i gcáil aidiachta go díreach ina dhiaidh, leithéidí ‘ag déanamh obair mhaith’, ‘ag ól uisce beatha’, srl.

Tá go leor samplaí den chineál a luann tú ag na Bráithre Críostaí, ach ní chuireann siad de theideal orthu ach nach n-úsáidtear an ginideach ‘in go leor cásanna eile’...

Ó thaobh na teanga labhartha, shamhlóinn go bhfuil an dá nós fós ann ach gurb é an múnla atá molta is bisiúla [ceist eile ar fad an t-ainmfhocal a bheith faoi réir ag an alt]. Is cuma cén riail a chuirfear i bhfeidhm, beidh neart eisceachtaí sa chaint bheo.

An dara rud, an dream a bheas ag baint leasa as an gCaighdeán nua. Sa chéad áit tá do leithéid féin, daoine ar tábhachtach leo mionchruinneas i ngeall ar go leanann impleachtaí ó thaobh an dlí de na téarmaí nó na haistriúcháin a chuireann siad ar fáil. Dream eile na múinteoirí (agus ní mór dúinn múinteoirí ar an tríú leibhéal a chur san áireamh anseo). Dream iad sin a bhíonn ag iarraidh an Ghaeilge a theagasc do dhaoine ar minic nach mbíonn an tuiscint is lú acu ar chúrsaí gramadaí. Is ag leibhéal eile a bhíonn na múinteoirí ag obair, ach rud amháin nach bhfuil uathu go mbeadh na rialacha níos casta ná mar atá (níl a fhios agam an mbainfidh an caighdeán nua seo amach). Ar bhealach tá leas an dá dhream ag teacht salach ar a chéile, rud nach deacair a thuiscint.

I mo thuairimse níor cheart go mbeadh bac ar dhaoine atá ag iarraidh cruinneas ó thaobh an dlí agus araile ag baint lena scríobhann siad, níor cheart go mbeadh bac orthusan leas a bhaint as múnlaí atá seanbhunaithe sa teanga (lán-infhilleadh an ghinidigh ina measc) más cabhair sin dóibh an sprioc a chuireann siad rompu a bhaint amach. Ar an taobh eile den scéal, níor mhaith liom go dtabharfaí ar dhaoine eile a leithéid a úsáid má chuireann sé le castacht fhoghlaim na Gaeilge.

Roinnt blianta ó shin, nuair a bhíothas ag plé na gceisteanna seo, labhraíodh daoine ar an gCaighdeán Leathan agus an Caighdeán Cúng.¹ Feictear dom go bhfuil áit le haghaidh an dá chineál.

¹ Féach Dónall Ó Baoill, “Athchaighdeánú” na Nua-Ghaeilge’, *Aimsir Óg* 2000, *Cuid a Dó*

Rud amháin atá luaite agat, agus a dtiocfainn leat ina thaobh, gur beag an taighde stairiúil atá déanta ar na foráis seo. Luaigh mé féin a leithéid nuair a bhíothas ag plé ceist an tséimhithe. B'fhiú mionscrúdú iomlán a dhéanamh ar scríbhinní an Chéiteannaigh (ag dul chomh fada leis na Ís), mar shampla, agus ar roinnt téacsanna eile le breathnú cé as a bhfuil na foráis seo ag teacht agus cé chomh fada is atá siadar bun.

An Dr Seán Ua Súilleabháin

Léachtóir le Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus údar na caibidle ar Ghaeilge na Mumhan in *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (1994)

Níl aon bhaol ná go n-airítear an dá nós maidir le hainmfhocal neamhchinnte agus aidiacht i nGaeltachtaí na Mumhan, .i. ‘doras tigh mór’ agus ‘doras tí mhóir’. Chomh fada agus a théann mo thaithise ar an gcúram, áfach, is ar an nós traidisiúnta atá meas, gur laige leis na cainteoirí go bhfuil meas orthu mar nós an t-ainmfhocal agus an aidiacht a fhágaint gan infhilleadh, agus gurbh ait ar fad mar chúram go lochtófaí an nós a bhfuil meas air. Ní le hainmfhocal nach bhfuil an t-alt roimhe amháin a bhaineann teip an tuisil ghinidigh sa chaint ar an gcuma nach mbeadh cainteoirí óga míshlachtmhara na Gaeltachta sásta fós, má bhíonn aird acu ar an gCaighdeán Oifigiúil.

Bíonn súil leis gur dea-nós agus slacht a chuirfidh leagan caighdeánach de theanga chun cinn, agus nach ngéillfidh sé láithreach do gach nós teanga a thagann chun cinn, a n-imíonn cuid acu as faisean arís.

Má théann an Caighdeán Oifigiúil seo againne leis an nós nua so, theastódh foclóir agus leabhar gramadaí nua láithreach. Níor mhór a fhógairt go bhfuil foclóirí agus leabhair ghramadaí a tháinig i gcló roimh Mheitheamh 2011 lochtach. D'fhreagródh ‘cearta fear bocht’ don Bhéarla *the rights of poor men* i mBealtaine 2011, agus do *the rights of a poor man* i Meitheamh na bliana céanna. Níor bheag an mearbhall é seo, b'fhéidir, do bhreithiúin agus do dhlíodóirí.

Ba dheacair do mo leithéidse an Ghaeilge a mhúineadh: ‘grá fir óig’ = *the love of a young man* in amhráin dála ‘Dónall Óg’, agus ní bheadh a fhios cé acu a thabharfadh ‘grá fear óg’ le fios mianta drúise a bheith i mbean óg nó í a bheith mánla dílis.

An Caighdeán a d'fhógródh gur droch-Ghaeilge ‘scian coise duibhe’² agus gur dea-Ghaeilge ‘scian cos dhubh’³ chaithfínn a mholadh d’aon Mhuimhneach gur mhian leis dea-Ghaeilge a fhoghlaim droim láimhe a thabhairt leis. Níorbh ionadh liom ‘doras tí tábhairne’ ná ‘doras tigh tábhairne’ ach ba dheacair meas a bheith ar Chaighdeán a choisceadh ‘tí’ a bheith ann.

(BÁC 2000), lgh 128-139.

² *Sic ó Mhúscaí, Éigse* 18, 38; ‘sgian choise duibhe’, *Séadna* (1904), 103; ‘scian choise duí’, *Seanachas Ambhlaoibh Í Luinse*, 180.


³ Tagairt atá ansin don eiseamláir sin i bhFoscscríbhinn 12 thuas – bhí cóip den aighneacht sin seolta agam go dtí an Súilleabhánach, agus go dtí na saineolaithe eile anseo.

Tá formhór mór a bhfuil faoin réamhfhocal comhshuite le fáil cheana faoin ainmfhocal + aidiacht, agus faoin riail a bhaineann le peidhre ainmfhocal ar aonad brí iad i dteannta a chéile. Chím ‘ar feadh tamaill mhaith’ ag fear Chúil Aodha in *LASID* ii,⁴ ceist 508, agus b’ é ba shlachtmhaire liom.

Dá mb’áil leis an gCaighdeán Oifigiúil a chur in iúl go n-aithnítear na cleachtaí a luaitear, toisc go gcloistear a leithéidí sa Ghaeltacht (i gcuid acu níos mó ná a chéile), agus nach bhfuil a bhac ar scríbhneoirí iad a scríobh i gcomhthéacsanna neamhfhoirmeálta, ní bheadh aon locht agam air, ach má chuirtear an saghas san chun cinn i gcáipéisí oifigiúla agus sa chóras oideachais, ní fheicim go dtiocfaidh as ach mearbhall, seanbhlás, agus costas.

Liam Prút

iar-Aistritheoir Sinsearach i Rannóg an Aistriúcháin, file agus scríbhneoir próis



Liam Prút

Má ghlactar leis go gciallóidh ‘hata fear mór’ i mBéarla *a big man’s hat*, cad a tharlóidh don bhrí láithreach a ghabhann leis na trí fhocal sin ‘hata fear mór’, mar atá *big men’s hat*? An féidir an bhrí atá bunaithe le fada, arb í an bhrí atá leagtha amach don leagan sin sa Chaighdeán Oifigiúil go dtí seo, a chur i leataobh nó a chur ar fionraí? Ní shílím gur féidir le haon ‘údarás’ nua an rud atá ceart go nuige seo a dhíscaoileadh agus a dhearbhu nach bhfuil an leagan sin ceart a thuilleadh!

Má táimid á chur i gcás go bhfuil *carte blanche* ann chun sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar ‘hata fear mór’ anois, agus mar chuid den cheart sin, go dtig le ‘húdarás’ nua an bhrí *a big man’s hat* a bheith ag na trí fhocal sin ‘hata fear mór’ – agus ní féidir linn talamh slán a dhéanamh do chur i gcás dá leithéid – níor mhór an loighic theangeolaíoch a bheith slán! Ní léir domsa go bhfuil aon cheangal brí idir na trí fhocal atá tugtha mar shampla – is é sin le rá, go bhfanann na trí fhocal ‘hata’, ‘fear’ agus ‘mór’ scartha go hiomlán óna chéile. Agus, dá réir sin, ní chruthaítear leagan a bhfuil ceangal agus aontacht idir na trí fhocal dá mbeidh an leagan nua seo comhdhéanta. Níor mhór ceangal soiléir a léiriú idir na trí fhocal ar shlí a cheadófaí faoin *gcarte blanche* sin. Is iomaí slí lena leithéid de cheangal a dhéanamh, e.g., an nós Gearmánach a chleachtadh agus na trí fhocal a fháisceadh isteach ar a chéile trí na spásanna idir na focail a dhíothú, mar atá ‘hatafearmór’. Is loighic gan dealramh a bheadh ansin; ach ba loighic é. Nó d’fhéadfaí an t-aonad nua brí a chruthú le dhá fhleiscín, mar atá ‘hata-fear-mór’ – réiteach gan dealramh arís, ach é loighciúil! Séard atáimse a rá, gur réiteach gan loighic, gan dealramh, atá molta sa chás seo.

⁴ Heinrich Wagner, *Linguistic atlas and survey of Irish dialects*, BÁC 1964.

Mholfainnse, mar aistritheoir ar ardleibhéal ar feadh roinnt blianta, athmhachnamh a dhéanamh ar an gcinneadh atá á chur chun tosaigh faoi láthair. B'fhearr liomsa ná himeofaí ón leagan atá ceart 'go hoifigiúil' faoi láthair. Bheadh sé chomh furasta céanna don chainteoir Gaeilge an rud caighdeánach a úsáid agus a bheadh sé leagan míloighciúil nuadhéanta de réir mheathchaighdeán athraitheach Gaeltachta, fiú amháin. Agus bheadh de bhuntáiste ag an scríbhneoir go raibh sé nó sí ag cloí leis na noirm atá seanbhunaithe sa teanga agus atá arna ndaingniú sa teanga le leathchéad bliain, agus gan aon bhuntáiste praiticiúil a bheith bainte amach dá n-imeofaí uathu ach díchonstruáil theangeolaíoch a mbeadh oiread díobhála ann do struchtúr na teanga is a bhí i ndíchonstruáil na gcoláistí ullmhúcháin don chinnteacht eolais ar an teanga ag ábhair mhúinteoirí!

Maidir le 'scian coise duibhe', 'lá (na) coise tinne', 'oíche chinn bhliana', 'lá cinn bhliana', 'bruach (na) coille móire', etc., agus an moladh leithéid 'scian chos dhubh' a chur ina n-ionad,⁵ séard a bheadh ar siúl ná inneach na teanga a stracadh as a chéile, mar, tá an teanga lomalán de na leaganacha sin an dá ghinideach i ndiaidh a chéile, amhail 'fear seasaimh na córa'.

Cuid den áiteamh atá á dhéanamh anseo, má scarann sé ón réimse comhráiteach i bprós nó i gcaint, tá baol ann go n-éiríonn sé saorga. Mar shampla, sa ghnáthchomhrá is geall le hainmfhocal aonair é an dá fhocal 'fear siúil'. Mar sin, ní mholfainn aon athrú ná infhillleadh do dhul ar 'siúil'. Is dócha gur eiseacht é sin sa bplé atá ar bun anseo againn. Ceann de na hargóintí ba láidre agamsa is ea go bhfuil sé tábhachtach gan cur isteach ar rithim na teanga – atá leochail-each ó nádúr – tharla uige na teanga próis a bheith ag cur thar maoil le dulanna cainte ina bhfuil an príomh-*sae* ag an litríocht seachas ag rialacha. Sa tslí sin, dá mb'fhéidir é (agus deir Obama gur féidir linn é!), bheadh sé inmholta gan frásaí gairide a phlé neamhspleách ar abairtí ina mbeadh na frásaí sin á gcur i bhfeidhm go nádúrtha.

Maidir le himeacht ó ghnásanna forbartha oifigiúla, bheadh sé thar a bheith contúirteach dul in aghaidh na téarmaíochta dlí atá i bhfeidhm, nó a thabhairt le tuiscint go bhféadfadh aon údarás, seachas an t-údarás ceartbhunaithe reachtúil féin, malairt céille a thabhairt ar abairtí agus frásaí a bhfuil údarás dlí *de facto* agus *de iure* acu.

I gcás 'urlár íochtair bus', ní dóigh liom go bhféadfaí a shamhlú gurbh é 'íochtair bus' an t-aonad tábhachtach sa bhfrása – feictear domsa gurbh é 'urlár íochtair', agus é sin amháin, an t-aonad. I gcás 'cíor mhullaigh tí', ba dhóigh liom nach bhfuil sa bhfrása ach dhá aonad – 'cíor' ceann amháin acu agus 'mullach tí' an ceann eile. Cé acu an t-aonad is mó tábhacht? Freagra: 'cíor'! Cén saghas círe í? Freagra: 'cíor mhullach (an) tí'! Ba leor agamsa foirm an ainmnigh in áit an ghinidigh sa chás agus bheadh an 'h' mar chúiteamh agam toisc gan ginideach foirmiúil a

⁵ Féach fonóta 3 thuas.

bheith in úsáid. Arís, feictear dom go bhfuil sé contúirteach an ghramadach seo a phlé neamhspleách ar an gcomhthéacs abairtíúil nó comhráiteach! Má thógaimid ‘scian cos dhubh’, ní fheictear dom gur aonad teangeolaíoch é – níl aon cheangal in aon chor idir ‘scian’ agus ‘cos dhubh’ (ar éigean atá ‘cosa’ ann go mbaineann ‘scian’ leo!) agus, mar aonad, tá bac ar a leithéid d’fhéidearthacht, pé scéal é, toisc an aidiacht shéimhithe a bheith mar chuid den dara haonad sa bhfrása. Mar an gcéanna le ‘óiche gaoth mhór’, bacann an aidiacht ‘mhór’ pé brí a ghabhfadh le ‘óiche gaoth’ dá héagmais.

Chaithfí teacht ar réitigh inchreidte ar fhadhbanna agus b’fhearr gan déileáil le ceisteanna nach bhfuil ag cothú fadhbanna sa réimse oifigiúil ná i réimse na litríochta.⁶

Nóta cumhdaigh

Is leis an nóta cumhdaigh seo a leanas a chuireas aighneachtaí na saineolaithe thuas faoi bhráid chombaltaí an Choiste Stiúrtha ar an Athbheithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil, i ríomhphost, roimh chruinniú deireanach an Choiste sin sa bhliain 2011.

D’iarras ar na daoine sin thuas breithniú a dhéanamh ar na rialacha nua atá molta sa Chaighdeán Athbheithnithe maidir le hainmfhocail a chuirtear sa ghinideach de réir an Chaighdeáin reatha a fhágáil san ainmneach feasta. Dhíríos a n-aird ach go háirithe ar na trí chatagóir seo a leanas: (i) nach gcuirfí ainmfhocal sa ghinideach dá mbeadh sé cáilithe ag aidiacht (m.sh., ‘hata fear mór’); (ii) nach ndéanfaí ainmfhocal éiginnte cáilithe a chur sa ghinideach más aonad brí an dara péire ainmfhocal agus nach focal gníomhaíochta an chéad cheann díobh sin (m.sh., ‘bata fear siúil’), agus (iii) nach gcuirfí ainmfhocal éiginnte agus cáilitheoir sa ghinideach má tá siad faoi réir ag réamhfhocal comhshuite (m.sh., ‘os comhair páirc mhór’).

D’iarras orthu, chomh maith, breithniú a dhéanamh ar dhá aighneacht ar an ábhar céanna a bhí curtha faoi bhráid an Choiste agam féin – ceann acu ag tacú leis an gcóras atá sa Chaighdeán reatha agus an ceann eile ag ardú ceisteanna faoi ghnéithe den chóras nua atá molta

⁶ Fuair aighneachtaí ón **Dr Neil Buttimer**, a chuir an Cúrsa Céime sa Dlí agus sa Ghaeilge ar bun i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ón **Dr Ciarán Dawson**, Léachtóir le Gaeilge ar an gCúrsa Céime sin, chomh maith, ach tharla iad a bheith dírithe ar ábhair seachas ceist seo na réimeanna teanga ní thugtar anseo iad; bhí lán na beirte acu ar aon intinn, áfach, (a) go bhféadfadh débhríocht a bheith i gceist leis na leasuithe áirithe sin a bhí á moladh ag an gCoiste agus (b) gur ghá tuilleadh taighde a dhéanamh i dtaca leo – is é an baol a bhraith an Dr Buttimer go gcuirfeadh go leor samplaí agus moltaí den chineál a bhí á mholadh ag an gCoiste iomrall ar léitheoirí, gurb é a thuigfí le leithéidí ‘stóras bord plaisteach’ a *storehouse of plastic tables* (is é sin, iolra seachas an t-uatha a cheaptar), ‘i leith mic léinn’ as regards a student (.i. uatha seachas an t-iolra a cheaptar), etc., agus go leanfadh de sin ‘an dainséar is measa i gcúrsaí brí is céille i gcomhthéacs téacsanna d’aon chineál (cáipéisí Dlí go háirithe)’, dar leis, ‘an mearbhall nó an débhríocht’.

Easpa taighde fhoilsithe

Mar a dúras ag an gcuinniú deireanach den Choiste, níl a oiread is alt acadúil amháin foilsithe ar ábhar na leasuithe móra seo atá á mbeartú ar scríobh na Gaeilge. Mar sin, thugas orm féin a fháil amach cad a mheasfadh na saineolaithe sin thuas faoi na leasuithe molta sin.

Más amhlaidh go bhfuil an córas atá sa Chaighdeán reatha níos cruinne ná an córas atá sna leasuithe atá á moladh, is ceist mhór í sin, neamhspleách ar cheist roghanna a bheith sa Chaighdeán Oifigiúil. Is i gcomhthéacs roghanna sa Chaighdeán Athbhreithnithe,⁷ áfach, a cuireadh ceist an ghinidigh i láthair bhaill an Choiste ag an gcuinniú deireanach agus níor díríodh go sonrach ar an gceist seo dá dheasca sin. Níl aon duine ar an gCoiste a bheadh ag iarraidh iallach a chur ar aistritheoirí agus iad i mbun Achtanna an Oireachtais agus Rialacha Cúirte a aistriú córas nach mbeadh cruinn a chur i bhfeidhm. Mar go bhfuilimse go pearsanta freagrach as Rialacha Cúirte a aistriú go Gaeilge don Roinn Dlí agus Cirt, bhí dualgas orm a dheimhniú dom féin agus don Roinn araon an raibh nó nach raibh an ceart agam a bheith imníoch faoi na leasuithe a bhí molta. Mar a chífidh sibh ó na cáipéisí leis seo, níl aon dabht ná nár chóir dul ar aghaidh leis na leasuithe seo ag an bpointe seo fad a bhaineann le hAchtanna an Oireachtais agus Rialacha Cúirte a aistriú de. Ar ndóigh, ní fhágann sin nach bhféadfaí a bhfuil molta a chur san áireamh sa Chaighdeán Athbhreithnithe ach díreach gan é sin a dhéanamh ar shlí go mbeadh iallach ar aistritheoirí na nAchtanna agus na Rialacha Cúirte feidhm a bhaint as na leasuithe sin.

Saineolaithe

Ar eagla na míthuisceana, tá an-mheas agam ar bhaill an Choiste Athbhreithnithe ar an gCaighdeán agus tá an-áthas orm go raibh deis agam bheith páirteach sa phlé ar na ceisteanna seo. Tuigim go maith do na baill atá ag iarraidh go mbeadh scríobh na Gaeilge ag teacht le labhairt na Gaeilge oiread agus ab fhéidir. Ach an cúram atá ormsa sa Roinn Dlí agus Cirt agus leagan Gaeilge de Rialacha Cúirte á ullmhú agam ná a chinntiú go mbeadh an leagan sin ag teacht go hiomlán leis an leagan Béarla – an leagan a bheadh dréachtaithe ag breithiúna agus dlíodóirí.

Gabhann foirmeacha leis na Rialacha seo a bhíonn le líonadh isteach ag aturnaetha thar ceann a gcliant agus iad os comhair cúirte. Le deimhin a dhéanamh de gur aistriúchán cruinn é an t-aistriúchán ar na foirmeacha sin cuirtear faoi bhráid Coiste

⁷ Is ag tagairt don Chaighdeán Oifigiúil arna athbhreithniú ag an gCoiste Stiúrtha a bhunaigh an Rialtas sa bhliain 2010 a bhíos thuas, is é sin, an leagan den Chaighdeán sin dár gaireadh ‘An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge’ – is tamall de mhíonna i ndiaidh dom an nóta sin thuas a scríobh a fuairas amach faoi *An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe*, mar a gaireadh den leagan den Chaighdeán Oifigiúil arna athbhreithniú ag Rannóg an Aistriúcháin.

iad, ar a mbíonn breithiúna agus dlíodóirí agus aistritheoirí eile, sula bhfoilsítear an leagan Gaeilge de na Rialacha. Ní bhfuarthas locht riamh ar an leagan Gaeilge de na foirmeacha sin ó thaobh na struchtúr a bhfuil an Coiste seo ag tabhairt faoina n-athrú anois. Bheinnse mífhreagrach dá n-éireoinn as na struchtúir reatha fad atá inní orm faoi chruinneas na struchtúr nua atá molta, ar inní í a bhí léirithe agam don Choiste. Is chuige sin, mar sin, a chuas chuig na daoine a bhfuil a dtuairimí i dtaobh na struchtúr atá i gceist nochta sna comhaid leis seo thíos.

Chomh maith leis sin, bheinn mífhreagrach dá gcuirfinn foirmeacha ar fáil do dhlíodóirí agus don phobal i gcoitinne a mbainfidís-sean brí as frásaí iontu nach raibh ag teacht le brí na bhfrásaí sin sna bhunfhoirmeacha Béarla.

Dá mbeadh ionadaithe ó Rannóg an Aistriúcháin páirteach san athbhreithniú seo níl aon dabht orm ná go mbeadh na pointí céanna sin thuas á ndéanamh acusan.

Agus, ar ndóigh, ní éascaíonn na rialacha nua atá molta ualach na foghlama ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge, ach a mhalaírt glan, sa mhéid go mbeidh ar dhaoine feasta na haicmí go léir nach mbeidh séimhiú le cur i bhfeidhm iontu a fhoghlaim.

Deis ar thaighde acadúil

Is dóigh liom go léiríonn an t-ábhar ó na saineolaithe leis seo thíos gur gá i bhfad níos mó taighde acadúil agus plé acadúil a dhéanamh ar na leasuithe atá molta sula gcuirfí i bhfeidhm sa reachtaíocht iad – go scríobhfaí altanna fúthu, go léireofaí tuairimí ar a son agus ina gcoinne, go poiblí – is é sin, an taighde acadúil agus an díospóireacht acadúil is dual sula ndéanfaí aon athrú radacach ar an teanga. Is anois atá tús á chur leis an díospóireacht phoiblí ar na leasuithe seo, agus ní cóir iad a chur i bhfeidhm ag na leibhéil is airde scríbhneoireacht sa teanga go dtí go mbeidh comhaontas poiblí de shaghas ann ina leith. Ábhar é seo gur féidir leis an gcéad Choiste eile tús áite a thabhairt dó sna cúig bliana amach romhainn sula ndéanfar an chéad leasú eile ar an gCaighdeán – agus tá an deis ann anois chuige sin.

B’fhiú, mar shampla, taighde a dhéanamh ar an difríocht atá idir na trí fhocal a bheith ag feidhmiú mar théarma aonair – is é sin, an áit óna bhfuil an Coiste Téarmaíochta ag teacht – agus na trí fhocal a bheith ag teacht le chéile i scríobh na teanga, mar ghinideach seilbhe nó mar ghinideach rannaíoch (i.e., i ndiaidh ‘roinnt’, ‘cuid’, ‘a lán’, ‘mórán’, etc.) – an scríobhfadh éinne *roinnt obair mhaith a dhéanamh*, mar shampla, nó cén bhrí a bhainfí as *roinnt fir chliste*?

An ginideach is coitianta i scríobh na Gaeilge

Cheana féin, tá an Coiste seo tar éis roinnt taighde ar an ábhar seo a spreagadh, ábhar na gcomhad leis seo ina measc. Ní beag sin.

Tá á chur san áireamh anseo, chomh maith, an taighde atá déanta ag an Dr Pádraig

Ó Mianáin i gCorpas na Gaeilge.⁸ Bhíos tar éis go leor daoine a chrá le sé mhí anuas ag iarraidh teacht ar shamplaí aithnidiúla den mhúnla sin ‘hata fir mhóir’, is é sin, Ainmfhocal + Ainmfhocal + Aidiacht, agus chráigh mé Pádraig féin chun samplaí den mhúnla sin a lorg sa Chorpas. Bhí samplaí den chineál sin i gceann de na hagusíní a chuir sé faoi bhráid an Choiste ag cruinniú na míosa seo caite, le tacú leis an áiteamh in éadan an mholta go gcuirfí séimhiú ar an ainmfhocal nach mbeadh á chur sa ghinideach, is é sin, ‘hata fhear mór’. Nuair a dhíríos aird an Choiste ar líon na samplaí san agusín sin a bhí de réir an Chaighdeáin reatha, maíodh gur dócha gur abairtí as Achtanna an Oireachtais a bhí sna samplaí sin. B’in ‘buille maraithe na muice’ ag cruinniú na míosa seo caite agus tosaíodh ar an vótáil díreach ina dhiaidh sin.

Tá inúchadh déanta agam ó shin i leith ar fhoinsí na samplaí san agusín sin agus is amhlaidh nach dtagann ach fíorbheagán de na samplaí sin as Achtanna an Oireachtais. Léiríonn na samplaí sa chomhad sin gurb é patrún an Chaighdeáin reatha ó thaobh an ghinidigh i gcás ainmfhocail atá cáilithe ag aidiacht an patrún is coitianta i scríobh na Gaeilge. Mar sin, níl an pobal i dtaithí ar na struchtúir nua seo, agus, mar a deir an Dr Neil Buttimer, chothóidís mearathal agus débhríochas – dhá ní atá tubaisteach i gcáipéisí dlí.

Díol spéise ó thaobh a ndeir an tOll. Máirtín Ó Murchú agus an Dr Siobhán Ní Laoire faoi réimeanna teanga é an céatadán de na samplaí den easpa ginidigh san agusín sin gur i gcomhráite i saothair liteartha a fhaightear iad, is é sin, go marcáiltear athrú ar réim theanga leo.

An Coiste Téarmaíochta

Díol suntais nach bhfuil an struchtúr atá molta ag an gCoiste Athbhreithnithe i dtaca le hAinmfhocal + Ainmfhocal + Aidiacht faofa ag an gCoiste Téarmaíochta. Agus go fiú i gcás an struchtúir Ainmfhocal + Ainmfhocal + Ainmfhocal, is amhlaidh go raibh easaontas i measc bhaill an Choiste Téarmaíochta faoi sin.

D’aontódh an cúigear comhalta den Choiste Téarmaíochta atá ar an gCoiste Athbhreithnithe gur fearrde go mór riail an Chaighdeáin Athbhreithnithe⁹ ar an séimhiú tar éis ainmfhocail bhaininsnigh de bharr nár ghlac an Coiste seo againne gan cheist le riail an Choiste Téarmaíochta, mar a bhí molta a dhéanamh ar dtús. Ní mór cuimhneamh go bhfuil an Rialtas deiridh tar éis iarraidh ar an gCoiste Athbhreithnithe ar an gCaighdeán Oifigiúil freagracht a ghlacadh as gramadach na Gaeilge ó thaobh reachtaíocht na Gaeilge de – is é sin, reachtaíocht ó Thithe an Oireachtais agus ó Pharlaimint na hEorpa araon.

⁸ ‘Nua-Chorpas na hÉireann’ a bhí i gceist agam thuas.

⁹ Féach an fonóta leathdheireanach roimhe seo i dtaca leis an tagairt don Chaighdeán Athbhreithnithe thuas – ní hé ‘Caighdeán Athbhreithnithe’ Rannóg an Aistriúcháin (2012) atá i gceist.

Luadh ag an gcrúinniú deireanach, chomh maith, an obair bhreise a bheadh le déanamh ar an téacs den Chaighdeán leasaithe dá mbeadh córas stairiúil an ghinidigh le cur i bhfeidhm. Ach ní bheadh ag teastáil ach líne ghairid ag rá, ‘I réimse na reachtaíochta is féidir an ginideach a chur in iúl sa ghnáthshlí sna struchtúir seo’, nó líne dá samhail a mbeadh an Coiste sásta léi. Beidh a leithéid d’abairt áiteanna eile sa Chaighdeán Athbhreithnithe i dtaca le gnéithe eile den ghramadach.

Ní ceist údaráis é seo, mar a mhaígh cainteoir eile ag an gcrúinniú deireanach den Choiste. Má tá aon bhaol ann go mbaineann a bhfuil molta den chruinneas atá ann faoi láthair, bhainfimis an bonn ar fad den obair fhóna eile go léir atá déanta san athbhreithniú seo leis na leasuithe sin. Is léir óna bhfuil scríofa ag na saineolaithe anseo, agus ón taighde ar ábhar an Chorpais, nach bhfuil tairní ag an bpopal ar an gcóras atá á mholadh agus ní ceart dá dheasca sin é a dhéanamh éigeantach ar aistritheoirí Achtanna an Oireachtais, agus [lucht scríofa] cáipéisí oifigiúla i gcoitinne, na moltaí nua sin a chur i bhfeidhm. Rachadh a leithéid glan i gcoinne spiorad réamhrá Dhónaill Uí Bhaoill, ‘Babhdán na Gaeilge’, ina maítear nár chóir go mbeadh inní ar dhaoine roimh an athbhreithniú ar an gCaighdeán – shamhlóinn go raibh sé sin ar cheann de na cúiseanna a bhí ag an Ollamh Ó Baoill le vótáil ag cruinniú na míosa seo caite ar son rogha a bheith ag daoine an ginideach traidisiúnta a chur in iúl agus iad ag scríobh. Bheadh údar ag daoine bheith sceimhlithe roimh Chaighdeán a dhéanfadh éigeantach amárach an rud a bhí cruinn ceart inniu, an rud atá á rá agus á scríobh ag na cainteoirí agus na scríbhneoirí is fearr, faoi mar a dúirt ball eile den Choiste¹⁰ ag cruinniú sin na míosa seo caite – agus faoi mar atá ráite ag Seán Ua Súilleabháin. ... Nílimse ag iarraidh ach go gceadófaí an ginideach a chur in iúl i gcónaí i réimse na reachtaíochta.

¹⁰ Bhí ainm an bhaill sin luaite sa nóta cumhdaigh bunaidh.

Leabhair thagartha agus ailt tagartha

(Níl tagairtí atá sa staidéar as Nua-Chorpas na hÉireann san áireamh sa liosta seo thíos)

- Agpalo, Ruben E., *Statutory Interpretation* (5ú heag., Mainile, 2003)
- Ahlqvist, Anders, 'Litriú na Gaeilge', in Kim McCone *et al.*, ead. *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch 23 ar lean.
- Armstrong, John, *The Syntax of the Verbal Noun in Modern Irish Prose, 1600-1650* (tráchtas neamhfhoilsithe Dochtúireachta, Ollscoil Harvard, 1977)
- Atkinson, Robert, *The Passions and Homilies from Leabhar Breac* (BÁC 1887)
- Baumgarten, Rolf, *Bibliography of Irish Linguistics and Literature 1942-71* (BÁC 1986)
- Beckett, Colm, ead. *Aodh Mac Dombnaill – Dánta* (BÁC 1987)
- Bennion, F. A. R., *Bennion on statutory interpretation – a code* (5ú heag., Londain 2008)
- Bergin, Osborn, ead. *Stories from Keating's History of Ireland* (BÁC 1930)
- , ead. *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* (BÁC 1992 [1931])
- , ead. *Irish Bardic Poetry* (BÁC 1970)
- Bernard, J. H., agus R. Atkinson, *The Irish Liber Hymnorum*, Iml. I (Londain 1898)
- Best, R.I., agus Osborn Bergin, *Lebor na hUidre* (BÁC 1929)
- Bhedel, Uilliam, *Leabhair an tSean-Tiomna* (BÁC 1827)
- Bíobla Naofa, An* (Maigh Nuad, 1981)
- Bliss, Alan, *The Standardization of Irish*, in *The Crane Bag*, Iml. 5, Uimh. 2 (BÁC 1981), lch 76 ar lean.
- Bloch-Trojnar, Maria, *Polyfunctionality in Morphology – A Study of Verbal Nouns in Modern Irish* (Lublin 2006)
- , *The Morphology of Verbal Nouns in Modern Irish*, in *Éigse xxxvi* (BÁC 2008), lch 62 ar lean.
- Borer, Hagit, 'V + ing – It Walks like an Adjective, It Talks like an Adjective', in *Linguistic Inquirer*, Iml. 21, Uimh. 1 (Geimhreadh 1990), lch 102-3
- Bráithre Críostaí, na, *Graiméar na Gaedhilge leis na Bráithreachaibh Críostambla* (M. H. Mac an Ghoill agus a Mhac Teo., BÁC 1901)
- , *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (M. H. Mac an Ghoill agus a Mhac Teo., BÁC 1960)
- , *Nuachúrsa Gaeilge na mBráithre Críostaí* (BÁC 1970 [1962])
- , *New Irish Grammar by the Christain Brothers* (CJ Fallon, BÁC [2011] 1980 [1976])
- , *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (An Gúm, BÁC 1999 [1960])
- Breathnach, Diarmuid, agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 – Beathaisnéis a Trí* (BÁC 1992)
- , *Beathaisnéis a Ceathair* (BÁC 1994)
- , *Beathaisnéis a Naoi – Forlíonadh agus Innéacsanna* (BÁC 2007)
- Bussmann, Hadumod, *Routledge Dictionary of language and linguistics* (Londain 2006)
- Cameron, Alexander, *Reliquiae Celticae II* (Inbhear Nis, 1894)
- Caomhánach, an Br Aodh P., 'Na Bráithre Críostaí agus an Ghaeilge', in Micheál Ó Cearúil, ead. *Gníomhartha na mBráithre* (BÁC 1996), lch 123 ar lean.
- Carney, James, ead. *Poems on the Butlers – of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400-1650)* (BÁC 1945)
- , ead. *Poems on the O'Reillys* (BÁC 1951)
- Carswell, John, *Foirm na n-Urrnuidheadh* (Dún Éideann, 1883 [1567])
- Chafe, Wallace L., *Integration and Involvement in Speaking, Writing, and Oral Literature*, in Deborah Tannen, ead. *Spoken and Written Language – Exploring Orality and Literacy* (New Jersey 1982)
- Coiste Téarmaíochta, an, 'Moltaí ón gCoiste Téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí

- a shimpliú agus a shoiléiriú', 2003 (<http://www.acmhainn.ie/caighdean.htm>)
- Connradh na Gaedhilge, *Foclá Gramadhaighe – Irish Grammatical Terms* (BÁC 1911)
- Crystal, David, *Dictionary of Linguistics and Phonetics* (6ú heag., Londain 2008)
- Dalby, Andrew, *Dictionary of Languages* (Londain 1998)
- de Bhaldraithe, Tomás, *Gaeilge Chois Fhairrge – An Deilbhíocht* (BÁC 1953)
- , eag. *English-Irish Dictionary* (BÁC 1959)
- , *Varia II – 5*, 'eadóirsím, eadóirseacht', in *Ériu* 35 (BÁC 1984), lch 198 ar lean.
- de Brún, Fionntán, 'An Caighdeán, an Chumhacht agus an Scribhneoir Cruthaitheach', *Taighde agus Teagasc*, Iml. 1 (Béal Feirste 2001)
- de Rís, Seán, eag. *Peadar Ó Doirnín – a bheatha agus a shaothar* (BÁC 1969)
- Dictionary of the Irish Language based mainly on Old and Middle Irish Sources* (DIL) (BÁC 1913-1976)
- Dinneen, Patrick S., eag. *Foras Feasa ar Éirinn II* (ITS VIII, Londain 1908)
- agus Tadhg O'Donoghue, eag. *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille* (ITS III, Londain, 1911)
- Doyle, Aidan, *A Reverse Dictionary of Modern Irish* (Lublín 1996)
- Dwelly, Edward, *The Illustrated Gaelic-English Dictionary* (Glaschú 1949 [1901-1911])
- Erionnach, eag. *The Poets and Poetry of Munster* (2ú sraith, BÁC 1860)
- Flanagan, Deirdre agus Laurence, *Irish Place Names* (BÁC 2002)
- Gagnepain, Jean, *La Syntaxe du Nom Verbal dans les Langues Celtiques 1. Irlandais* (Páras 1963)
- Gurevich, Naomi, *Lenition and Contrast – The Functional Consequences of Certain Phonetically Conditioned Sound Changes* (Nua-Eabhrac agus Londain, 2004)
- Gwynn, Edward, *The Metrical Dindsheanas IV* (BÁC 1991 [1924])
- Hamilton, John Noel, *A Phonetic Study of the Irish of Tory Island, Co. Donegal* (Béal Feirste, 1974)
- Hardiman, James, *Irish Minstrelsy*, Iml. I (Londain 1831 [1971])
- Hughes, Art, 'Gaeilge Uladh', in Kim McCone *et al.*, eag. *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch 611 ar lean.
- Hunt, Brian, *Murdoch's Dictionary of Irish Law* (5ú heag., Tottel, Sussex Thiar agus BÁC, 2009)
- Jaskuła, Krzysztof, *Celtic*, in Joaquim Brandão de Carvalho, Tobias Scheer agus Philippe Ségéral, eag. *Lenition and Fortition* (Beirlín 2008)
- Joyce, P. W., *The Origin and History of Irish Names of Places* (BÁC 1883)
- Laoide, Seosamh, eag. *Triúr Clainne na Bárd-Sgolóige – Sean-sgéal ó Thír Amhalgadh* (BÁC 1914)
- , eag. *Duanaire na Midhe* (BÁC 1914)
- , eag. *Tonn Tóime* (BÁC 1915)
- Lewis, Henry, agus Holger Pedersen, *A Concise Comparative Celtic Grammar* (3ú heag., Göttingen 1974)
- Lindsey, Robert, 'No one will be marching on the streets, but [...]': Ireland's new Caighdeán Oifigiúil, in *Australian Celtic Journal*, Iml. 12 (Sydney 2014), lch 9-40
- Lucas, Leslie W., *A Grammar of Ros Goill Irish* (Béal Feirste, 1979)
- Mac Airt, Seán, eag. *Leabhar Branach* (BÁC 1944)
- Mac Cionnaith, Láimhbheartach, Cí, *Foclóir Béarla 7 Gaedhilge* (BÁC 1935)
- , eag. *Dioghluim Dána* (BÁC 1938)
- , eag. *Aithdioghluim Dána I-II* (ITS XXXVII agus XL, Londain 1939 agus 1940)
- , eag. *The Book of O'Hara – Leabhar Í Eadbra* (BÁC 1951)
- Mac Coluim, Fionán, eag. *Smóilín na Rann* (BÁC 1908)
- Mac Congáil, Nollaig, *Leabhar Gramadaí Gaeilge* (6ú cló, Conamara 2010 [2002])
- Mac Énrí, Seaghán P., *Hand-Book of Modern Irish*, Cuid III (4ú heag., BÁC 1907)
- Mac Giolla Éáin, Eoin Cathmhaoilach, eag. *Dánta, Amhráin is Caointe Sheathrúin Céitinn* (BÁC 1900)
- , eag. *Duanaire Dháibhidh Uí Bhrudair I* (ITS XI, Londain 1910)

- Mac Giolla Phádraig, Brian, *Réchúrsa Gramadaí* (3ú heag., BÁC 1963)
- Mac Lochlainn, Antain, *Cruinneas* (BÁC 2015)
- Mac Meanman, Seán Bán, *Cnuasach Céad Conlach* (eag. Séamas Ó Cnáimhsi) (BÁC 1989)
- Mac Mathúna, Séamus, *On the definite article and definite descriptions in Irish*, in Dónall Ó Baoill *et al.*, eag. *Saltair Sáiochta, Sanasaíochta agus Seanchais – A Festschrift for Gearóid Mac Eoin* (BÁC 2013)
- Mac Murchaidh, Ciarán, *Cruimscriobh na Gaeilge* (BÁC 2013)
- MacLachlan, Ewen, *Dictionarium Scoto-Celticum*, Iml. 2 (Dún Éideann, 1828)
- Matheson, Angus, eag. *Poems from a Manuscript of Cathal Mac Muireadhaigh*, in *Éigse* 10, Cuid II (BÁC, Geimhreadh 1962-3)
- McCone, Kim, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams agus Liam Breatnach, eag. *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994)
- McGrath, Michael, eag. *Cimlae Amhlaoibh Uí Shúilleabháin*, Cuid 1 (ITS xxx, Londain 1936)
- McManus, Damian, ‘An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’, in Kim McCone *et al.*, eag. *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch 335 ar lean.
— agus Eoghan Ó Raghallaigh, *A Bardic Miscellany* (BÁC 2010)
- McNeir, Clive Leo, agus Éamonn Ó hÓgáin, eag. *Foclóir Parlaiminte* (BÁC 2001)
- Meyer, Kuno, eag. *The Song of Créde, Daughter of Guaire*, in *Ériu* II (BÁC 1971), lch 15 ar lean.
- Mhág Craith, Cuthbert, ‘Brian Mac Giolla Phádraig’, in *Celtica* 4 (BÁC 1958)
—, eag. *Dán na mBráthar Mionúr*, Cuid I-II (BÁC 1967 agus 1980)
- Milroy, James, *Language ideologies and the consequences of standardization*, in *Journal of Socio-linguistics* 5(4), 2001
— agus Lesley Milroy, *Authority in Language – Investigating Standard English* (3ú heag., Londain 1999)
- Molloy, John H., *Forus Teangan na Gaeilge – A Grammar of the Irish Language* (BÁC 1867)
- Murphy, Brian P., OSB., *The Catholic Bulletin and Republican Ireland – with special reference to J.J. O’Kelly (‘Sceilg’)* (Béal Feirste 2005)
- Ní Fhaircheallaigh, Úna, *Grádh & Crádh – Úirsgeílín* (BÁC 1901)
- Ní Ghallchobhair, Fidelma, ‘An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán an Phobail?’, in *Beo*, eagrán 139, Samhain 2012
- Ní Laoire, Siobhán, eag. *Bás Cearbhaill agus Farbhlaidhe* (BÁC 1986)
- Ní Mhuirgheasa, Máirín, eag. *Stair an Bhíobla* II (BÁC 1942)
—, eag. *Imtheacht an Dá Nónbhar agus Tóraigheacht Taise Taoibhghile* (BÁC 1954)
- Ní Mhurchú, Máire, agus Diarmuid Breathnach, 1983-2002 – *Beathaisnéis* (BÁC 2003)
- Nic Mhaoláin, Máire, ‘A thuilleadh faoin gCaighdeán’, *Teangeolas* 1983 (ITÉ, BÁC), lch 5-7
- O’Donnell, Jim, agus Seán de Fréine, *Ciste Cúrsaí Reatha* (BÁC 1992)
- O’Donovan, John, eag. *Annála Ríoghachta Éireann*, Iml. IV (BÁC 1856)
- O’Leary, Philip, *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922-1939* (BÁC 2004)
- O’Neill Lane, T., *Larger English-Irish Dictionary* (BÁC 1921)
- O’Nolan, an tUrr. Gerald, *The New Era Grammar of Irish* (BÁC agus Corcaigh, 1934)
- O’Rahilly, Cecile, eag. *Trompa na bhFlaitheas* (BÁC 1955)
- O’Rahilly, Thomas F., eag. *Measgra Dánta*, Cuid I (Corcaigh, 1972 [1927])
—, *Irish Dialects Past and Present* (BÁC 1972 [1932])
- Ó Baoill, Dónall P., *Error tendencies in learners of Irish*, in *Papers in Linguistics – International Journal of Human Communication*, Iml. 12, Uimh. 3-4 (Edmonton 1979)
—, *An Teanga Bheo – Gaeilge Uladh* (BÁC 1996)
—, ‘“Athchaighdeánú” na Nua-Ghaeilge’, in *Aimsir Óg 2000, Cuid a Dó*, eag. Micheál Ó Cearúil (BÁC 2000), lch 128 ar lean.
—, ‘An Caighdeán Oifigiúil’, in *Éigse xxxviii* (BÁC 2013), lch 336 ar lean.
— agus Éamonn Ó Tuathail, *Úrchúrsa Gaeilge* (BÁC 1992)
- Ó Béarra, Feargal, ‘Ionmholta Malairt Bhisigh: An Caighdeán Oifigiúil 1958-2008’, in *Saltair*

- Saíochta, Sanasaíochta agus Seanchais – A Festschrift for Gearóid Mac Eoin*, eag. Dónall Ó Baoill et al. (BÁC 2013), lch 247 ar lean.
- Ó Buachalla, Breandán, *An Teanga Bheo – Gaeilge Chléire* (BÁC 2003)
- Ó Cadhlaigh, Cormac, *Ceart na Gaedhilge (Irish Syntax)* (BÁC 1922(?))
- , *Gnás na Gaedhilge* (BÁC 1940)
- Ó Catháin, Seaghán, *Ceachta Cainnte Gramadaighe – The Practical Irish Grammar* (7ú heag., BÁC 1921)
- Ó Cearúil, Micheál, eag., *Gníomhartha na mBráithre* (BÁC 1996)
- , *Bunreacht na hÉireann – A study of the Irish text* (BÁC 1999)
- , *Bunreacht na hÉireann – An téacs Gaeilge arna chaighdeánú* (BÁC 2003)
- Ó Concheanainn, Tomás, eag. *Nua-Dhuanaire*, Cuid 3 (BÁC 1978)
- Ó Cuív, Brian, eag. *Párlíament na mBan* (BÁC 1952)
- Ó Curnáin, Brian, *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, Iml. I-IV (BÁC 2007)
- Ó Direáin, Máirtín, *Máirtín Ó Direáin – Na Dánta* (BÁC 2010)
- Ó Dochartaigh, Cathair, agus Colm Ó Baoill, eag. *Trí Rainn agus Ambrán* (Béal Feirste, 1996)
- Ó Domhnalláin, Tomás, agus Dónall Ó Baoill, *Earráidí Scríofa Gaeilge*, Cuid II, *Ainmfhocail, cáilitheoirí, forainmneacha, cónaisc agus míreanna* (BÁC 1979)
- Ó Dónaill, Éamonn, “Tá sé suas duit féin” – Impleachtaí Mheath na Gaeilge do Mhúineadh na Teanga’, in Liam Mac Mathúna, Ciarán Mac Murchaidh agus Máirín Nic Eoin, eag. *Teanga, Pobal agus Réigiún – Aistí ar Chultúr na Gaeltachta Inniu* (BÁC 2000)
- , *Gramadach gan Stró!* (3ú heag., BÁC 2013)
- Ó Dónaill, Niall, eag. *Foclóir Gaeilge – Béarla (FGB)* (BÁC 1977)
- Ó Donnchadha, Tadhg, eag. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* (BÁC 1931)
- Ó Duilearga, Séamus, eag. *Leabhar Sheáin Í Chonaill* (BÁC 1948)
- Ó hÉigeartaigh, Cian, agus Aoileann Nic Gearailt, *Sáirséal agus Dill 1947-1981 – Scéal Foilsitheora* (Conamara 2014)
- Ó Floinn, Tomás, *Athdhánta* (BÁC 1969)
- Ó Foghludha, Risteárd, eag. *Cois na Ruachtaighe* (BÁC 1938)
- , eag. *Cois Caoin-reathaighe – Filíocht Éamuinn de bhFál* (BÁC 1946)
- , eag. *Éigse na Máighe* (BÁC 1952)
- Ó Gaora, Colm, eag. *An Fíbín* (An Chéad Chuid, BÁC 1905)
- Ó Labhraí, Joe, eag. ‘Lámhscríbhinn Chailte? Seanmóir ar an Bhreithiúnas Dheireanach, leis an Athair Hugh McFadden, Cloch Cheann Fhaola’, *Taighde agus Teagasc*, Iml. 1 (Béal Feirste, 2001)
- Ó Máille, Tomás, *Ambráin Chearbhalláin* (ITS XVII, Londain 1916)
- , *An Béal Beo* (eagrán nua arna chóiriú ag Ruairí Ó hUiginn, BÁC 2003 [1936])
- Ó Muirgheasa, Énrí, eag. *Ambráin na Midhe*, Cuid a hAon (BÁC 1933)
- , *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* (BÁC 1934)
- Ó Muirithe, Diarmaid, eag. *Cois an Ghaorthaidh* (BÁC 1987)
- Ó Muirthile, Liam, *Tine Chnámh* (BÁC 1984)
- Ó Murchadha, Noel P., ‘Caighdeáin, caighdeánú agus torthaí ar chaighdeánú na Gaeilge’, in F. Farr agus M. Moriarty, eag. *Language, Learning and Teaching – Irish research perspectives* (Beirlín 2013), lch 167 ar lean.
- Ó Murchú, Máirtín, *Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge – Tús an Athréimnithe* (BÁC 2001)
- , *Ag Dul ó Chion? – Cás na Gaeilge 1952-2002 (An Aimsir Óg, Paimfléad 1, BÁC 2002)*
- Ó Murchú, Micheál A., ‘Séimhiú nó Loime ar Cháilitheoir Neamhchinnte Ainmfhoclach’, *Taighde agus Teagasc*, Iml. 3 (Béal Feirste, 2003)
- Ó Murchú, Séamas, *An Teanga Bheo – Gaeilge Chonamara* (BÁC 1998)
- Ó Neachtain, Eoghan, *Stair-Cheachta 1* (BÁC 1925)

- Ó Riain, Liam, *Lán-chúrsa na Gaedhilge* (BÁC 1943)
- Ó Riain, Seán, *Pleanáil Teanga in Éirinn, 1919-1985* (BÁC 1994)
- Ó Ruairc, Maolmhaoldhóg, *Nótaí Gramadaí – Ainmfhocail faoi réir a chéile* (BÁC 1996)
- , *Aistrigh go Gaeilge – Treoirleabhar* (BÁC 1997)
- , ‘An bhfuil éalang ar an nGaeilge nó ar an nGaeilgeoir?’, in *Léachtaí Cholm Cille XXXI* (Maigh Nuad, 2001), lch 7 ar lean.
- , *Aistrigh Leat* (BÁC 2007)
- Ó Sé, Diarmuid, *An Teanga Bheo – Corca Dhuibhne* (BÁC 1995)
- , *Gaeilge Chorca Dhuibhne* (BÁC 2000)
- Ó Séaghdha, Pádraig, *Mac Cárthaigh Mór* (BÁC 1908)
- Ó Searcaigh, Cathal, *Súile Shuibhne* (BÁC 1983)
- , *Ag Tríúth leis an tSolais, 1975-2000* (Conamara 2000)
- Ó Searcaigh, Donnchadh, *An Uiseog* (BÁC 1905)
- Ó Searcaigh, Séamus, *Coimbréir Ghaedhilg an Tuaiscirt* (BÁC 1954 [1939])
- , *Some uses and omissions of the article in Irish*, in *The Journal of Celtic Studies*, Iml. 1 (Philadelphia 1950), lch 239 ar lean.
- Ó Siadhail, Mícheál, *Modern Irish – Grammatical Structure and Dialectal Variation* (Cambridge 1991)
- agus Arndt Wigger, *Córas Fuaimeanna na Gaeilge – Na Canúintí agus an Caighdeán* (BÁC 1975)
- Ó Siochfhradha, Pádraig (An Seabhac), *Cath Fionntrágha* (BÁC 1925)
- Ó Tiománaidhe, Mícheál, *Abhráin Ghaedhilge an Iarthair, An Chéad Chuid* (BÁC 1906)
- Ó hUiginn, Ruairí, ‘Gaeilge Chonnacht’, in Kim McCone *et al.*, ead. *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch 539 ar lean.
- Pedersen, Holger, *Die Aspiration im Irischen, Cuid II*, in *Zeitschrift für vergleichende Sprachforschung auf dem Gebiete der Indogermanischen Sprachen* xxxv (Göttingen 1898), lch. 315 ar lean.
- Petrie, George, *Ancient Music of Ireland* (BÁC 1855)
- Quiggin, E.C., *A Dialect of Donegal – Being the Speech of Meenawannia in the Parish of Glenties* (Cambridge 1906)
- Rannóg an Aistriúcháin, *Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (BÁC 1945)
- , *Litriú na Gaeilge – Lámhleabhar an Chaighdeán Oifigiúil* (BÁC 1947)
- , *Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* (BÁC 1953)
- , *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (BÁC 1958)
- , *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (BÁC 1960)
- , *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (9ú cló, BÁC 1998)
- (Seirbhís Thithe an Oireachtais), *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe* (BÁC 2012)
- Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, an, *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011, neamhfhoilsithe)
- Sallabank, Julia, *Standardisation, prescription and polynomie: can Guernsey follow the Corsican model?* in *Current Issues in Language Planning*, Iml. 11, Eagrán 4, 2010
- Sayers, Peig, *Peig .i. a scéal féin* (eag. Máire Ní Chinnéide) (BÁC 1936)
- Sceilg (Seán Ó Ceallaigh), *Spelling Made Easy – Litriú na Gaeilge critically examined* (BÁC 1946)
- Smyth, Jamie, *Brush up on your Gaeilge, EU warns Government*, in *The Irish Times*, Dé Sathairn, 13 Deireadh Fómhair, 2007
- Stockman, Gearóid, *Cruinneas Gramadaí agus Corrfhocail Eile* (Béal Feirste, 1996)
- Stokes, Whitley, *Adamnán’s Vision* (Simla 1870)
- agus John Strachan, *Thesaurus Palaeohibernicus*, Iml. I (BÁC 1987 [1901]), Iml. II (BÁC 1987 [1903])

- Téarmaí Dlí* (Oifig an tSoláthair, BÁC 1959)
- Thurneysen, Rudolf, *A Grammar of Old Irish* (BÁC 1946 [Heidelberg 1909])
- Tithe an Oireachtais, *Oireachtas Dictionary of Official Terms* (clóscríbhinn, gan dáta)
- Ua Duinnín, Pádraig, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (1996 [1934])
- Ua Laoghaire, an Athair Peadar, *Séadna* (BÁC 1904)
- , *Mo Sgéal Féin* (BÁC 1915)
- Ua Súilleabháin, Seán, ‘Gaeilge na Mumhan’, in Kim McCone *et al.*, ead. *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch 479 ar lean.
- Uí Bhraonáin, Donla, ead., *Foclóir Fiontar* (BÁC 2004)
- Vendryes, M. J., *Sur l’emploi de l’infinitif au génitif dans quelques langues indo-européennes* in *Mémoires de la Société de linguistique de Paris*, Iml. xvi (Páras 1910), lch 247 ar lean.
- Wagner, Heinrich, *Linguistic atlas and survey of Irish dialects* (BÁC 1964)
- , *Gaeilge Theilinn – Foghraidheacht · Gramadach · Téacsanna* (BÁC 1979)
- Walsh, an tUrr. Paul, ead. *The Flight of the Earls*, le Tadhg Ó Cianáin (BÁC 1916)
- Watson, Roderick, ead. *The Poetry of Scotland – Gaelic, Scots and English 1380-1980* (Dún Éideann, 1995)
- Watson, William J., *Bàrdachd Ghàidhlig – Specimens of Gaelic Poetry 1550-1900* (2ú heag., Glaschú 1932)
- Williams, Nicholas, *Caighdeán Nua don Ghaeilge (An Aimsir Óg, Páipéar Ócáideach 1*, BÁC 2002)
- (N.J.A. Williams), ead. *Pairlement Chloinne Tomáis* (BÁC 1981)

LIR bhuailte AN ARBHAIK

TINE chnámh
AITHNE shúil
TROID bhataí
leaba phrátaí
CÉIR bheach
mil bheach
SEISREACH chapall

boláim chloch
salláim chloch

Is é **Tim O'Neill**, scríobhaí, a bhreac na focail atá ar na flapáí agus is leis-sean an script sna focail sin.

Thar rialacha ar bith de na rialacha gramadaí atá in *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* (1958) is iad na rialacha a bhaineann leis an séimhiú – agus/nó an easpa séimhithe – ar an ainmfhocal éiginnte sa ghinideach agus é faoi réir ag ainmfhocal eile is mó atá ina n-ábhar díospóireachta poiblí le tamall de bhlianta anuas.

I gCuid I den staidéar seo cosnaítear an séimhiú ar an **ainm briathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail bhaininscnigh uatha** i leithéidí ‘buíon chosanta’ agus ‘áis chaomh-naithe’, a rialaítear in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán Athbhreithnithe* (2012) go bhfuil an séimhiú sna hainmneacha briathartha sin le baint, toisc go bhfuil an fhoirm chéanna acu is atá ag aidiachtaí briathartha na mbriathra sin. Léiríonn an líon mór samplaí atá bailithe le chéile sa staidéar, áfach, as réimsí éagsúla den Ghaeilge scríofa – ó leithéidí ‘bean chaointe’, ‘cúis mhaíte’ agus ‘lámh chuidithe’ go leithéidí ‘áit chónaithe’, ‘litir mholta’ agus ‘uimhir thagartha’, agus ó ‘bean chasta an tuirne’ go ‘cúirt ghearrtha pianbhreithe’ – go mbaineann an séimhiú sin le gnás na Gaeilge. Tugtar léargas dúinn, chomh maith, ar shlite éagsúla ar tháinig aistriitheoirí oifigiúla i dtír ar acmhainní eile na teanga i gcaitheamh na mblianta, ar slite iad nach bhfuil teoranta d’fhoirmeacha dar tús consan inséimhithe, le nach mbeadh aon bhaol measctha leis an aidiacht bhriathartha ann.

I gCuid II den staidéar cosnaítear an séimhiú ar an ainmfhocal éiginnte agus ar an ainm briathartha sa ghinideach **ar lorg ainmfhocail fhirinscnigh iolra dar críoch consan caol**, ar séimhiú é sin, chomh maith, a bhaineann le gnás na teanga, mar a léirítear leis an iliomad samplaí anseo – ó leithéidí ‘innill bhainte’ agus ‘fir bhualte an arbhair’ go leithéidí ‘leabhair thagartha’ agus ‘innill bhainte móna’, i gcás an ainm bhriathartha, agus ‘boird bhainistíochta’, ‘tuairisceáin chánach’, ‘aonaid chúraim speisialta’ agus ‘cléirigh chúirte dúiche’ i gcás an ainmfhocail. Chomh maith leis sin, cosnaítear

an séimhiú ar an **nginideach iolra** ar lorg ainmfhocail, a dtugtar iliomad samplaí de anseo – ó leithéidí ‘tine chnámh’ agus ‘mil bheach’ go ‘leabhair chuntas’ agus ‘oifigigh chustam’.

Sa chuid deiridh den staidéar, díritear ar fheidhmeanna an ainmfhocail éiginnte agus an ainm bhriathartha sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile agus, ina dhiaidh sin, ar cheist leasaithe riail séimhithe an ghinidigh sin sa Chaighdeán Oifigiúil. Tugtar an riail sin, maille le leaganacha éagsúla di a rinneadh ó 1958 i leith, ar a n-áirítear an leagan in *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge* (2011) agus an leagan i gCaighdeán Athbhreithnithe 2012, i bhfoscúibhinní a ghabhann leis an staidéar. Pléitear an Caighdeán Oifigiúil mar threoir do scríobh na Gaeilge lasmuigh de réimse na reachtaíochta agus díritear ar Chaighdeán neamhfhoilsithe 2011 sa chomhthéacs sin, mar aon le hathbhreithnithe ar an gCaighdeán Oifigiúil faoin reachtaíocht a tugadh isteach sa bhliain 2013.

Leagan acadúil d’aighneacht a rinne an t-údar mar chuid den athbhreithniú reatha ar an gCaighdeán Oifigiúil – an chéad athbhreithniú faoin reachtaíocht úr – atá sa staidéar seo. Tá an Dr Micheál Ó Cearúil ina Aistriitheoir sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus, ar na saothair atá scríofa aige, tá *Bunreacht na hÉireann – A study of the Irish text*, a d’fhoilsigh Coiste Uile-Pháirtí an Oireachtais ar an mBunreacht sa bhliain 1999, an bhliain ar bhunaigh sé *An Aimsir Óg*.



€30

ISSN 2009-8839



9 772009 883014